

FOIRISIÚN FOCAL

AS

GAILLIMH

TOMÁS DE BHALDRAITHE

ACADAMH RÍOGA NA hÉIREANN
BAILE ÁTHA CLIATH
1985

© Acadamh Ríoga na hÉireann 1985

Is mian leis an Acadamh buíochas a ghabháil le hOllscoil na hÉireann, le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus le Bord na Gaeilge as cúnadh a thabhairt chun an leabhar seo a fhoilsiú.

ISBN 0 901714 44 5

Sa tsraith chéanna:

Innéacs Nua-Ghaeilge don *Dictionary of the Irish Language*, Tomás de Bhaldraithe

Liosta Focal as *Idir Shúgradh agus Dáiríre*, Séamas Ó Murchú

Díolaim Focal (A) ó Chorca Dhuibhne, Éamonn Ó hÓgáin

RÉAMHRÁ

Is éard atá sa chnuasach seo focail is leaganacha cainte nach bhfuil in FGB,¹ agus bríonna is struchtúir úsáide nach luaitear le focail atá in FGB. Tá riar focal freisin anseo a luaitear mar mhalairtí neamhchaighdeánacha in FGB. Níor cuireadh isteach an mhalairt fhoirme mura raibh inti ach malairt de réir gnáthrialacha foráis na canúna, e.g. *brudán* < *bradán*, *cread* < *cnead*, nó foirceann rialta de chuid na canúna, e.g. *-éara(acht)* in áit-*éir(eacht)* nó malairt i gcúrsaí réimniú briathar nó díochlaonadh ainmfhocal.

Níl i gcló anseo ach fuilleach beag den chnuasach iomlán a bailíodh ó áit go chéile i gContae na Gaillimhe ón mbliain 1939 i leith, an fuilleach beag a d'fhan tar éis an mhórchuid de a chur isteach in FGB.

Dá bharr sin, ní sampla cothrom de Ghaeilge bheo na Gaillimhe é seo, ach tá léargas éigin ann ar ghnéithe áirithe den chaint bheo. Ní miste a thabhairt faoi deara, mar shampla, a liacht brí is leagan cainte a bhaineann leis na focail choitianta (e.g. *cois*, *béal*, *sop*, *buailleann*, *feiceann*, etc.). Tugtar faoi deara freisin an cumas atá inti le focail nua a chumadh (e.g. *cíonnann*, *crannann*, *cuidisúlach*, *droimín-teacht*, *dol 'un-cinniúil*, *góileoir*, *ronnadóireacht*, etc. etc.); cé na réimíreanna is na hiarmhíreanna bisiúla atá inti, agus cé na bealaí bisiúla atá inti le comhfhocail a chumadh. Cuireadh isteach riar mhaith comparáidí is meafar toisc gur cuid de dhlúth is d'inneach na teanga iad. Más manglam éagsúil gan saothrú an cnuasach seo, is bunábhar é ar féidir leis an bhfoclóirí, leis an sochtheangeolaí, leis an sictheangeolaí is leis an stíleolaí liteartha leas a bhaint as.

An Bailiúchán

Ó bhéal, gan leas a bhaint as aon ghléas taifeadta, a cnuasaíodh an t-ábhar ar fad, ach amháin an méid a scríobh Tomás Laighléis ar iarratas uaim. Ar chártaí in abairtí d'aon ghnó le húsáid na bhfocal a léiriú a scríobh sé cuid de sin, agus an chuid eile sa chuntas ar a shaol féin is ar shaol na muintire ar foilsíodh sleachta as in *Seanchas Thomáis Laighléis* (1977).

Is ceantair, agus ní daoine, a luaitear leis na focail eile anseo, toisc gur focail choitianta ar cloiseadh a bhformhór go minic ag níos mó ná duine iad, agus toisc gur fearr a léirítear leathantas an fhocail mar sin. Cuirtear uimhir a léiríonn an ceantar le gach focal nó leagan. Maidir le 24, nuair is faoin gceannfhocal ar chárta atá an leagan, is í an uimhir lom a bhíonn leis; nuair is faoi cheannfhocal eile é, luaitear an ceannfhocal sin i ndiaidh na huimhreach i gcló iodálach mar seo '*a' fear a bhí na shlaoine . . . 24 creachann*. Maidir leis an uimhir 27 a thagraíonn do lámhscríbhinn, luaitear uimhir an leathanaigh ina dhiaidh, e.g. 27 101.

Na Foinsí

- 19 Ceantar Charna. Ó Cholm (Mháirtín Sheáinín) Ó Cualáin (+ 1985), óna bhean Béib (Antaine) agus óna deirfiúr sin Máire (+ c. 1975), i Muínis sna blianta 1972-84, agus ó Pháraicín (Veail) ó Nia as Fínis is mó a fuarthas an t-ábhar seo. Cnuasaíodh roinnt bheag de ó dhaoine éagsúla sna blianta 1958-59.
- 20 Cois Fharraige. Ó Mhuintir Dhiolúin (Maitias, c. 70 + 1949; a bhean Bríd c. 68 + 1946, Séamas 66 + 1980, Siobhán agus Bairbre), ó Mhícheál Ging + c. 1955, i mBaile an Tí Móir; agus ó Bhríd (Mhaidhc) Ní Fhíne c. 80 + 1954, agus ó Thomás (Pheaidí) Mac Diarmada sa Lochán Beag is mó a cnuasaíodh an t-ábhar seo ó 1939 i leith.
- 20A Cnuasach beag a rinneadh in Árann, 1959.
- 24 Mionlach, ó Thomás Laighléis (ar chártaí).

1. N. Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla* (1977).

- 24A *ibid.* ó chomhrá Thomáis Laighléis.
 27 *ibid.* ó Thomás Laighléis (ar leathanaigh). Idir 1954 agus 1984 a bailíodh ábhar Mhionlaigh.
 31 Ceantar Bhéal Átha Glúinín, sa bhliain 1944; agus ceantar Chinn Mhara sa bhliain 1949.
 32 Ros an Mhíl, An Cheathrú Rua, An Tuairín, ón mbliain 1950 anuas.
 33 Ros Muc, Leitir Chalaídh, na hÚimíní, An Trá Bhán, ó am go chéile ó 1942 anuas.

An Litríú

(a) Ábhar a bailíodh ó bhéal.

Ós cúrsaí brí agus úsáid focal atá i gceist anseo, ní dhéantar aon iarracht ar mhionléiriú fuaimneanna. Tá córas litrithe na Gaeilge sách rialta – ach amháin i gcás cuid de na consain shéimhithe i lár is i ndeireadh focal – sa chaoi nach gá a thabhairt ach an fuaimniú nach léir ón litriú nó nach luíonn le riail. Maidir le caint Chois Fharráige agus na gceantar máguaird tá cuntas réasúnta iomlán ar an bhforás foghraíochta le fáil in *The Irish of Cois Fhairrge*.² Tríd is tríd, réitíonn caint cheantar Charna leis an gcaint a bhfuil cuntas uirthi in Appendix I den leabhar sin.

Dá réir sin ní léirítear foráis rialta na cainte sa scríobh, mar shampla *cn-* > *cr-*; fadú nó défhoghrú gutaí gearra roimh chonsain áirithe is ghrúpaí áirithe consan; *o* > *u*, *ó* > *ú* taobh le srónach; *í* > *ia* roimh *-ch*, *-r*; (*ea*) > /*au*/ roimh *bh* balbh lárnach; balbhú *-th-* idir ghutaí, etc. etc.

Cumadh litriú, de réir an ghnáthchórais, a léiríonn fuaimniú an fhocail nach bhfreagraíonn don fhorás rialta sin, e.g. *drioball* (: eireaball), *féilim* (: éirim).

Bhí roinnt eisceachtaí nár cumadh litriú den sórt sin dóibh, ach gur fágadh iad sa litriú caighdeánach agus gur cuireadh litriú foghraíochta leo. Rinneadh sin i gcás (i) focal ina raibh *-ia* > *í*, *ua* > *ú*; (ii) corrfhocal coitianta le leisce é a chur ó aithne, e.g. *éirigh* /*air'ə*/, *arán* /*ra:n*/; agus (iii) focal a ndéantar *u* de (*ea*) aiceanta roimh *á*, *é*, *ó* sa dara siolla. Mar sin i gcás na haicme deiridh sin focal, mura gcuirtear litriú foghraíochta leo, is ionann sin agus go gcoinnítear cáilíocht an ghuta aiceanta, e.g. *easóg*, *babáil*.

Guta fada ó atá i gceist le *eo* gan síneadh fada, ach amháin sna focail *deoch*, *seo*, *seobh*, *seod*, *anseo*, agus i gcorrfhocal eile a gcuirtear litriú foghraíochta leis.

Déantar crostagairt (ceannfhocal sa chló rómhánach) ón leagan caighdeánach go dtí leagan na canúna (sa chló dubh), ach sa chás go mbeadh an dá leagan i bhfoisceacht cúpla ceannfhocal dá chéile.

Litriú leathan foghraíochta a úsáidtear. Ní úsáidtear ach *l* leathan, agus *n* leathan amháin, ainneoin go bhfuil roinnt cainteoirí i gceantair áirithe a mbíonn dhá *n* is dhá *l* leathana ina bhfhóinimí acu. Ní léirítear an guta fada a thagann ó (*ea*) gairid i gCois Fharráige, toisc gan é a bheith coitianta ar fud na Gaillimhe.

Ar an gcéad siolla a bhíonn an príomhaiceann ar an bhfocal nach comhfhocal é. Mar cáiltear an t-aiceann ar an gceannfhocal, más ar shiolla eile é, agus an fo-aiceann an chorr-uair is gá sin, ach ní mharcáiltear é ar na dobhriathra (ar ar an dara siolla a bhíonn sé) mar *anseo*, *arís*, *amháin*, *amach*, *abhaile*, etc.).

(b) Ábhar ó Mhionlach

Tá ábhar anseo a baineadh as lámhscríbhinní Thomáis Laighléis (uimh. 24, 27), chomh maith le hábhar a bailíodh ó bhéal uaidh. Uair ar bith a raibh amhras i dtaobh fuaimniú an cheannfhocail, cinntíodh sa chaint leis é. Iarradh air a chaint féin a scríobh, sa mhéid gurbh fhéidir sin, de réir an ghnáthchórais litrithe, ach amháin *oe* agus *ou* a scríobh don dá dhéfhoghar /*ai*/ /*au*/ faoi seach.

2. T. de Bhaldráithe (1945).

Ba é an seanlitriú a bhí i réim le linn do Thomás a bheith ar scoil agus é ag foghlaim léitheoireachta is scríbhneoireachta (ó mháistreás nach raibh ach ag tosú ag foghlaim na teanga). Mar sin, cé go bhfuil léiriú cruinn ar chaint na háite go minic aige, uaireanta eile is é an seanlitriú a scríobhann sé nó meascán éigin idir sean, nua, agus simplithe.

Measadh gurb é an socrú ab fhearr a dhéanamh anseo leanúint go dílis do litriú an Laighléisigh.

Is furasta an chuid is suntasaí de thréithe na canúna nach réitíonn le caint iarthar an chontae a thabhairt faoi deara ón litriú sin, e.g. gan ach *l* agus *n* caol fóinéimeach amháin a bheith inti; *n* a chailleadh go minic roimh *-g-* i lár focail; meascán idir *ia* agus *éa*; (*e*)*a*, (*e*)*i*, *u* a choinneáil gairid roimh *-m*, *-nn*; giorrú guta fhada roimh *th* idirghutach; *-a*, *-e* deiridh > *-aí*, *-í* i gcásanna áirithe. Ach ní léiríonn an litriú miondifríochtaí caoile is leithne sna consain, ná miondifríochtaí cáilíochta sna gutaí, mar shampla gur guta fada tosaigh atá i bhfocal mar *fearr* (mar a bhfuil guta fada i leith an chúil san iarthar) ná gur guta cúil leathdhúnta a dhéanann *á* le hais srónaigh (e.g. *máthair* > *móthair*).

Brí agus ciallú

Ní thugtar anseo ach bríonna nach luaitear leis an bhfocal in FGB. Níl le tuiscint as sin go bhfuil nó nach bhfuil bríonna FGB ag an bhfocal freisin. Is minic nach mínítear an ceannfocal coitianta a bhfuil an ghnáthchiall leis, ach gurb é an leagan ar leith a bhfuil sé ann a mhínítear. Cuirtear isteach cuingreacha síochta ar nós *misce ná mearbhall*, cé go bhfuil na focail aonair in FGB. Déantar iarracht ar leaganacha a lua a thabharfaidh 'blas' agus réimse úsáide an fhocail, chomh maith leis an gciall lom.

Cló iodálach atá ar na sleachta ón gcaint is ó lámhscríbhinn an Laighléisigh. Is iad focail an eagarthóra atá sa mhíniú sa chló rómhánach agus insíonn an uimhir a leanann iad foinse an mhínithe sin.

Focail Bhéarla

Ní furasta slat chruinn tomhais a aimsiú a chinnteodh cé na nua-iasachtaí ón mBéarla is fiú a lua. Luaitear an t-ainmfhocal is an aidiacht a bhfuil Gaelú iomlán déanta air (e.g. *meaisilín* < 'vaseline', *féarpléúil*), agus an focal a dtugtar brí dó nach bhfuil nó nach bhfuil coitianta leis sa Bhéarla. Luaitear freisin focail Bhéarla a dhéanann aonad le focal Gaeilge, e.g. *robh achrainn*, *bál damhsa*, *praidhm saoil*, *réidh 'ready'*. Nós spéisiúil é sin atá gaolmhar le nós atá le fada sa teanga.³


Ní bhactar le cuid mhór de na briathra in *-áil* ón mBéarla ar ar éigean atá teorainn ar bith leo i gcaint daoine áirithe.

Focal scoir

Fionnoscailt é an díolaim bheag seo ar shuibhreas is ar bhríomhaireacht na cainte beo. Ach níl ann ach sceidín den iomlán atá le bailiú, le cur in eagar, is le foilsíú fós, má tá iarracht fhónta le déanamh ar stór iomlán na Gaeilge beo a chur le chéile.

Is mian liom fíorbhuíochas a ghabháil le gach aon Ghaeilgeoir a thug cúnamh dom, go háirithe leo sin a luaitear thuas, le Brian Mag Shamhráin a chuidigh liom leis na luibheanna a aithint, le Máire Ní Dhálaigh a chlósscríobh an t-ábhar go cruinn ó lámhscríbhinn dhoiléir, agus le Éamonn Ó hÓgáin a chuidigh liom lena réiteach don chló.

3. Cf. na samplaí seo ón 16ú is ón 17ú haois: *Do cuaid an clar no an cibhir do bi air de*. O'Kelleher & Schoep-
perle, *Betha Colaim Chille* (1918), lch 300. *an mhuintir . . . atá don opinion nó don aigneadh so*, lch 233, *nach creideamh . . . acht opinion nó baramhuil*, lch 4, Pádraig Ó Súilleabháin, *Buaidh na Naomhchroiche* (1972).
lucht ciúil agas múisice, lch 44; *an tan buí síge nó forbhaissi aige fon gcathraigh*, lch 28, Paul Walsh, *The Flight of the Earls by Tadhg Ó Cianáin* (1916).



A

abairt *a. br.* (Sa leag.) *Ag abairt faoistin* 33, ag déanamh faoistine.

ábailta *aid.* 1. Cliste, glic. *Nach shé atá ~, air fhaitíos go mbeadh air éiri moch . . .* 27.265. *Bhí an ceannathóir ~ agus stuama agus d'iarr sé fair-singe mhaith air Johnny* 27.868. *D'imir sé an bob orm chomh maith leis a mbabhta roimhe sin . . . Rug mé na dhiaidh sin air dá ~ dá raibh sé* 27.1259. 2. Láidir. *Sí an chiotóg atá ~ a' msa* 19.

ábaltacht *b.* Gliceas, clisteacht. *Bhí sé in an a' tinneas droma a ligeann 'na thinneas bréige air le neart ~* 27.375. *Le teann ~* 20.

ábaltáocht *b.* Gliceas. *Le ~ bhí sé a' grúchan orú* 24 gnóthaigh.

abhaile *dobh.* 1. . . gon fhear a bhí in an 'Brid [i.e. an t-amhrán 'Bridín Bhéasaí'] a thabhairt ~. (*Sin an t-abhrán a bhe air fad aige agus gan a ghoil amú air*) 27.103. 2. *Rud a chur ~ chuig duine.* (a) Cúiteamh a bhaint de dhuine as a dhrochbheart. *Cuirfidh mise ~ fós aige é.* (b) *A chur in iúl do dhuine gur fíos duit cén drochrud a dúirt sé fút. D'inis M. domsa an rud a dúirt P. fúm agus chuir mise ~ chuige é* 20. 3. *'Sin, a mhic, a' chaoi a' dtainic tú abhaile' a deir sí 'agus tá uaisleacht in do chuid fola a mbeadh éad ag go leór leis' 24 leasmhac, sin é anois an sinsear ónar tháinig tú . . .*

abhars *iol.* Spraoi, cleasaíocht. *Níl sé ar an obair sin ach le haghaidh ~* 19. *Nach le ~ a thosaíos lead óg ag breith ar bhean* 19. *Tá an iomarca ~ liug a' d' 19. Lán le ~* 19.

abhcóireacht *b.* Achran cainte. *Ní iarrfá go deo ach ag ~* 20. *Ag ~ ansin ó mhaidín* 20, ag cantal.

abhlaith *aid.* Sochurtha chun feirge nó achrainn. *Bheadh sé an-~* 19. *Tá cuid acub sin ~ go maith.* 19.

abhus *dobh.* /wus/ 19, 20; /wu:s/ 24. 1. *Ní rabh an méid a bhí sé ithe a goil bhfús na háll air* 27.36, níor leor dó ar chor ar bith an méid . . . *Ní dheacha sé bhfús ná háll orrain* 27.81. *An t-alúntas tae a bhí muid a fháil, ní raibh sé goil bhús ná tháill orrain* 27.127. *Ní dheacha sé ~ ná tháill orm* 19. 2. *A' bualadh an rud bhfús air a' rud thall l'aghaidh an gála deire sin a íoc* 24 Samhain, ag cnapadh le chéile gach aon rud leis an airgead a bhailiú. *Ffr. thús.*

ach cón. 1. Le hais, i gcomórtas le. *Ní fhaca tú aon cheo ariamh ach Gaillimh an uair sin* 20. 2. *Ach go, ach is amhlaidh. Ní fhaca mise é sin, ach go n-airínn caint air* 27.1664.

achar *f.* 1. ~ saoil, tréimhse. *Níl sé aon ~ saoil ó bhí an scéal sin ann* 19. *Níor chaith sé aon achar saoil ann* 19. 2. ~ na huaire, fad uaire. *Ní bheidh mé ~ na huaire amuigh* 19, ní bheidh mé i bhfad amuigh. 3. *Thug sé réidhe an achair dhó* 20, thug sé scíth, faoiseamh, dó. 4. *Ní fhaca mé leis an fhaid seo achair é* 20, . . . le fada.

achrae *f.* 1. Páirc mhór réidh. *I gceapanna i ngarranta tú a curtar na glasraí sin ar fad ach a' gcuireach fear amach ar an achre iad . . . is drileana a*

dhíonach sé 24 ceap. 2. *Log. Talamh réidh oirthir na Gaillimhe* 20.

achrannach *aid.* 1. Tugtha don troid. *Chomh h~ le easóig* 20. 2. Deacair a shíúl. *Chomh h~ le roilig* 20.

aclaí *f.* Lúthchleasaí . . . *lá spóirt mhór a mbeach tou na n-aclaí [aclaithe] a' cóimhlint ann* 24 ritheann.

aclaíocht *b.* Fear ~ 24 sánn, lúthchleasaí.

aclaíonn. Bogann. *Bhfuil a húth ag acliú?* 20. *Aclóidh sé an gearradh* 20.

acmhainn /aku:n/ *b.* Cumas fulaingthe. 1. *Bhí an-~ ag an bhfear sin nár bhuaíl sé é* 20, bhí an-fhoighne . . . 2. *In ~, in ann chuig. Ní raibh sí [bád] in ~ aon cheo eile a thabhairt léi* 20. *Ní bheadh sí in ~ a ghoil go hArainn anois* 20.

ad ad. Agall bagartha ar pháiste 20.

ádh *f.* *Sin é an lá a ndeacha sé san ~* 20, . . . an lá ar thosaigh an t-ádh a bheith air.

adhair *b.* Adhall, soidhir. *Níor hainic aon oeir air a' mada fós* 24. *Tá oeir air a mada agus tá sí ceangailt istí agum* 24. *Nuair atá mada bainneann faoi oeir* 24.

adhaircín *b.* 1. Ainm ceana ar bhó 19. 2. ~ bó veidhlín 19, 'tusk shell', *Dentalium entalis.*

adhailta *aid.* *Tá sí ~* 20, tá an madra fireann faighte aici.

Ádhamh *f.* An Saol Ádhaimhe, an saol mór. *I ngan fhios don saol Ádhaimhe* 20. *Ní raibh a fhios aige ón saol Ádhaimhe* 20.

adharc *b.* 1. ~ a chur ar dhuine. (a) 'Deabhal' a dhéanamh de. *B'shin é an fear céana ar hobair a' sagart ~ a a chuir air faoi an gcois sluaiste* 24 *sluaisteálaí.* [Is é an chaoi ar inis sé don sagart sa bhfaoistin gur bhain sé ábhar cois sluaiste i gcoill an Bhlácaigh.] (b) Cuthach feirge a chur ar dhuine. *Cuireann sé adharca orm* 20. 2. *Duine a chur in adharca na móna.* (a) Duine a chur ag achran le fearg. *Cuireann an obair sin in adharca na móna mé* 27.48. *Is géarr go mbíonn siad in adharca na móna ansin* 24 craiceann, . . . ag achran. *Níl rud ar bith a chuireannns feiliméar beag in adharca na móna chomh mór . . .* 24 buaileann. (b) *Mar abraíonnns daoine amantaí le cailíní óga, 'tá siad imí an oerca na móna air fad anois le leagann amach is le éirí an áirde . . .* 24.

adhastar *f.* 1. ~ an anachain, ~ a' deabhail, ~ an chlampaí, cruasháinn. *Sí an chearc cheanann sin a chuaigh in ~ an anachain nuair a cheap sí gur námhaid dhui a bhí ionamsa* 27.1309. *Bhí me in ~ a' deabhail* 20. *Is muid atá an adhastar a' chlampaí go díreach* 27.929. *Go sábhála Dia ar an deabhal thú agus ar a chuid ~ acháí móra trom* 32. 2. *Ar an ~ céanna atá siad* 20, ar an obair chéanna.

adhacadh : ánlacan.

adúineach, adúnach *aid.* Aduain, ag mothú 'aisteach', neamhchleachtach ar an timpeallacht. *Bhí mé adúnach liom héin ann* 19. *Tá mé chomh hadúineach* 19.

ae : aobh.

aer f. 1. Spéir. *Ba gheárr le ~ toirní é 27.1484. Bhí sé na stoirm ar fhad a lae agus a' t-~ buailte ar a talamh 27.115. . . . An t-~ buailte ar a' talamh le báisteach 19. Tá an t-~ tití ar a' talamh 19, an áit 'dúinte' ar tí báistí. Níor shéid sí as ~ an stoirm dhéanfadh an cheo air 20. Bhí sé chomh héasca dhuit breith ar an ~ le . . . 20, bhí sé dodhéanta agat . . . 2. **San aer.** (a) Scriosta. 'Más fíor mar atá ráite' a deir sé go léim 'atá Salthill san aer', . . . An balla éadain . . . agus a cosán bhí siad curtha san ~ mar bheadh clocha beaga na trágh 24 farraige. . . . nuair a dúirt sé gurb é chuirfeadh in ~ an Ghaeilge 20 . . . chuirfeadh deireadh léi. 3. **San ~, in ~.** (a) Ar mire le fearg. *Is beag na hábhair cainnte tá daoine a chuartú go minic nuair atá siad san ~ 24 ábhar. . . . mar ndéanfá ach breanu har a' gclai agus iad d'fheicid atá siad san ~ 24 bacann. . . . go ngabhfadh sé in ~ faoi rud 19. Chuaigh sé in ~ uilig 19. Chuir sé in ~ le caint é 19. (b) Ar mire le gliondar. *Bhí abhráin Raifteri á gcur san aer 27.103.* 4. *Níl a fhios cé is goire dhó an t-~ ná an talamh 20, tá sé an-leitheadach. Níl a fhios cé is goire dhó an t-~ atá faoi nó os a chionn 20, id. 5. Go h-~, an-fhairsing. Tá fataí go h-~ aige 20. Nach bhfuil lá go h-~ fós ann! 20, nach bhfuil cuid mhór den lá gan chaitheamh fós! Ffr. mac falachtain.***

aeraimiliúns /'e:ɾəm'í:l'u:ns/. *Bhí sé ag imeacht sna h-~ 20, ag imeacht thart is é leathchraiceáilte (ag ól, etc.).*

aerach aid. 1. Spráitíl, macnasach. *Chomh h-~ le mionnán míosa 19, . . . le Seán Bui 20, . . . le giorria Márta 31, . . . leis an gcaisín cloch 20. 2. Ard feiceálach. In áit an-~ 20. Lúb ~ 20, lúb 'cábla' sa chnitéil. Teach ~ 20, teach ar ard. 3. Geal. . . . gan é a bheith ~ dearg 19. Éadach ~ 19. Dath ~ 20. 4. Go h-~, go rábach, go 'binn', go héasca. Tá sé deich míle go h-~ as seo 19. Bhí sé gnóite go h-~ aige 19. *Ghlansadh sé [teach le díol] na chúig mhíle dhéag go h-~ 19.**

aeraíl b. Aeracht. *Níl ríochan lena chuid ~ 20. Tá ~ an tsaoil ag baint leis 20.*

aermaíl b. Aermaíocht 20.

afare f. *Bhfuil tú ag iarraidh ~ mo dhá shúl a bhaint dhíom 20, . . . a rá nach bhfaca mé an rud a dúirt mé a chonaic mé. Nár bhaine Dia ~ do dhá shúl dhíot! 20 - focal a déarfá le duine a bhainfeadh dúradán as do shúil, nó a d'aimseodh rud a chlis ort féin a aimsiú.*

afrac f. Afare 19, 20.

afráil b. An ~ 20, na paidreacha a deirtear tar éis an phaidrín.

afrálann. Ofrálann. *Afrálfaidh muid an paidrín 20, déarfaidh muid na paidreacha tar éis an phaidrín.*

afróg b. Deifir chun oibre. Tá ~ air 20. *Bhí an oiread ~ e air nár fhéad sé fanacht 20.*

afrógach aid. Fuadrach chun oibre. *Nach tú atá ~! 20.*

ag /eg/ réamh. 1. Toisc. *Níorbh fhéidir é a chean-nacht, ag chomh daor is bhí sé 20. Meas tú nach mbeidh stuf gann i mbliana ag chomh dona is bhí*

*an Fómhar 20. 2. Aige nó uaidh, aige nó gan a bheith aige. Níl a fhios agam a' raibh caint aici nó uaithi 19. Deabhal ar mhiste leis solas aige nó uaidh ag scríobh 20. 3. Ag teastáil ó. Céard l'aghaidh a'd é? 20, céard lena aghaidh a bhfuil sé uait? Le píosa a chur ar threabhsar a bhí sé aige 20, . . . bhí sé uaidh. 4. Seo againne. [Gan an t-alt leis an ainmfocal roimhe.] *Cho lua is fuair fear seo 'guinne fáil air a chuid buachaillí aimsire . . . 24 tine. 5. ~ seo, seo é, féach seo. 'Ag seo, Pháidín' a deir sé 'fan do sheasa, má sé do thoil é.' 'Ceard tá ort?' a deir Páidín. 'Ag seo' (- sin focal a bhí in a bhéul air fad) goile go bhfeic tú' a deir sé 24 follasach. agall b. Caint láidir, intriacht. Ní raibh éisteacht ná agall aige 32, ní raibh meabhair ná caint aige.**

agarlach b. (a) Caint gharbh mhímhúinte. *An agarlach chuir a' fear as nuair a bheanna mé dó, chuireadh sé faitíos ort 24. Agarlach mhímhúintí 24. (b) Caint dhoiléir. Níor thig mé chor a bích an agarlach hainic uaidh 24. Is grána an rud agarlaí gon tsórt sin 24. Le gleacaíocht Dhónail, chuir sé eagarlach eicint as . . . 24 nimh. Chuir sé eagarlach eicint as go r'oere [gur éirigh] chuile dhuine ó'n mbourd a' ceapago ra rud eicint taobh amui 24 nimh.*

aghaidh b. 1. ~ béil, liobairt teanga. . . . *cho luath sa d'aire mé an chainnt agus an aghaidh béil a bhí sí goil a thóirt orm . . . 24 béal. 'Tóig ~ do bhéil dhom ar maidin a bhean,' a deir sé 'atá do chuid banrán a' cuir poul in mo chroí' 24. 2. Cosúlacht. *Ná feicim aon ~ óil ort 33. 3. Sí an mhaidin Dúnaí is breácha í chuir oe le aer 24 Dornnach, . . . is breácha riamh. Lá chomh breá is a chuir ~ le aer a bhí ann 27.1428. Oí [oiche] cho breá is a chuir oe le aer 24 oíche. 4. Béal (mála, etc.). *Tabhair ~ an mhála síos ann 19. ~ an bhuidéil 19. Bhí ~ mo ghoile aníos 20, bhí múisc orm. 5. (a) Ómós. Tá ~ aige dhuit 19. Ní raibh aon ~ mhaith aige dhuit 19. (b) Bealach suáilceach. *Is deas an ~ tá aici do dhaoine 20. Bhí ~ dheas aige do chuile dhuine 20. 6. Ar (a) aghaidh, as féin, gan tada leis. Arán ar ~ 24. Níl aon mhaith in uisce ar ~ 20 [cúrsaí níos hainic a bhí i gceist]. 7. In ~ a chéile. Tá sé [adhmaid] in ~ a chéile 20, níl an snáithe ag rith díreach ann. Tá an craiceann in ~ a chéile 20, tá an snáithe i gceaic-eann na lámhe ag dul trasna ar a chéile. 8. In ~, i ndiaidh. . . . ag imeacht in ~ a gcinn rompo go woech siad áit a gcuireadh siad faof 27.290 . . . nach gcuireadh mac meáin in oe a chúil é 24 cúl. Bhí siad a' rithe le fána agus cuiríú an oe mullai iad 24 mullach. Ní fhéadfadh sé [duine] bheith ceart, in ~ a chos a rugadh é 20. 9. Tá ~ le fána ann 19, tá sé [crann] lúbtha anuas [ag an ngaoth]****

aghaidh² : oidhe.

agó f. Cáilitú breise, leagan breise ar fhocal. *Chuireadh a' t-~ atá leis a sloinne i gcéil duit gurb iad na Laighléist Móra a hainic, ar dtús 27.1. Dá bhfáinnse fáil ná deis ~ eile a chuir go sciopadh air a bhfocal, bheadh sé air . . . 27.259.*

ágóid b. Agóid. 1. Duine cantalach 20. *Bheadh sé ina ~ le cantal 20. 2. Bean chrua ghortach. Ágóidín ghortach 20.*

agóideach /uɡo:d'əx/ *aid*. Cantalach, achranach. *Mac deoula iugóideach a bhí ann freisin* 24 *cruit*. *Tá sean ndaoine eile freisin ann atá chomh cantalach is chomh hiogóideach is nach bhféadá breanu díreach orthu* 27.223. *Siad [éanacha] féin a bhíonn santach agus iogóideach le chéile* 24 *preab*. **aguisín** *f*. Méid beag. *Bhí aguisín beag ólta aige* 20. *Chuir sé aguisín beag go leataobh* 20. *Nach é an t-~ é* 20, nach suarach an rud é (le rud a bhíothas tar éis a cheannach). *Ffr. aigisín*.

aibearta *aid*. Píocúil, cliste. *Ní raibh mé sean san am ach go rabh mé sách aberatha le rud a phiucadh suas* 24 *feoil*. *Ní mhór dhuit a bhe aiberat acu go bhárr na gcaischaí* tá orú 24. *Tá sé an-aiberí, dlóna sé scoláire math* 24 *scoláire*. [Meascán idir aibí agus abartha?].

aibeartaíocht *b*. Clisteacht, píocúlacht. *Ní lig an aiberíocht dhaof louirt amach as a bpus go ra an góltas ceannaí acu* 24.

aibéil *aid*. Luath. *Tá sé ~ go leor fós é a dhéanamh* 20.

aibéis *b*. 1. Duine treampánach bearránach 30. *Nach é an ~ é* 20. 2. Millteanas, treampán. *Déanfadh sí ~ dhó* 20, cuirfidh sí treampán air, cuirfidh sí amú é. *Tá ~ déanta aige* 20.

aibéiseach *aid*. Treampánach, bearránach. *Is ~ an scéal agaibh é*. *Tá tú an-aibéiseach* 19. *Bhí sé sách ~* 20 (le fear óil).

aibhéalta : **áiféalta**.

aibhéarach *aid*. Ríméadach (asat féin, as éadach nua, etc.) *Tá tú an-~* 20.

aibhéis *f*. Aibhéis, an domhain mhór. *Tá sí 'muigh san-~* 19.

aibíd *b*. Culaith shagairt. *D'fhreagróinn é, marach le ómós dá aibíd* 20. *Tá súil agam le t'aibíd bheannáithe, a athair, go ndéanfadh tú é*. *Aibí freisin*. *Tá súil agam le t'aibí go leigheasfaidh tú é* 32. *Do chara is do choimrí le t'aibí . . .* 32.

aibiúil *aid*. Cliste. *Tá sé an-~* 20. (*aibí* freisin 20).

aice 1. *In ~ sin fhéin*, mar sin féin, ainneoin sin. *In ~ sin fhéin chuaigh mé ann* 20. *In ~ sin fhéin, shílfeá go ndéanfainn é* 28. 2. *In ~*, ó áit in aice. *In aice Bh'leá 'n Rí é* [duine] 20.

aicearra *b*. 1. Bealach níos giorra. (Le briseann). *Bhris mé an ~* 20. (Le gearrann). *'A ngearrthá an ~, bheithéa i bhfad níos éasca* 20. 2. Giorracht chainte. ~ chainte 20. A. *Cén t-ainm atá ort?* B. *Seán Ó Donnchú, ach an té théas an ~ tugann sé Seán Fíodóir orm* 20. *Chuaigh sé an ~ leis* 20, thug sé freagra gearr air. 3. Bealach gearr neamh-chríochnúil le hobair. *Chuaigh mé an ~ léi* 20.

aicíd *b*. Siocair tinnis. *Is mór an ~ é* 20 (le áit shalach).

aicléara *f*. Haicléir 20.

aicís *b*. Duine aiciseach. *An ~ bhradach* 20. *A ~ bhradach!* 20.

aicsean *f*. Cumas chun feidhme. *Tá ~ sa gcupóig sráide* 20, tá cumas leighis inti.

aicseanach *aid*. Tugtha do ghníomhartha gaisce, d'aicín. *Sé atá ~* 19.

aicteáil /ak'da:l/ *a. br.* Cleasaíocht, séitéireacht. *Bhí sé ag ~ air* 20. *Ná bí ag ~* 20.

aicteáilte /ak'da:l't'ə/ *aid*. Cleasach, glic 20.

aidhm *b*. Éifeacht, intleacht. *Ionntu féin a bhí an ~ agus an éirim* 27.1199.

áiféalta *aid*. Uafásach dona, scanrúil. *Is ~ an oíche í* 19. *Is ~ an scéal é* 19.

áiféaltais *f*. Scanradh agus uaigneas le chéile. *A' raibh ~ ort?* 19.

aigeanta *aid*. 1. Abartha, deisbhéalach. *Bhí focal an-~ ar a' bpointe aige* 19. *Freagra ~* 19. *Tá tú an-~* 19. 2. Aibí, píocúil. *Bhí sé an-~* 20. *Tá sé deabhallaí ~ ina dhiaidh sin* 20.

aigeantacht *b*. Aibíocht, gliceas. *Le teann ~* 20.

aighneas *f*. 1. Aithne, aithne comhrá. *Is fada an lá oeneas agum air a' bhfear atá tú a rá . . .* 24 . . . *sé bhí a' tóirt an oeneas dhom orú air fad* 24. 2. Troid, achran. *É fhéin a chuir ~ air* 20. *Ffr. saighneas*.

aighneasach *aid*. 1. Suáilceach ag comhrá. *Duine deas oeneasach bhí ann air bhóthar is air bhealach* 24. 2. Trodach. *Ní beithíoch ~ é* 20. *Bhí sé [madra] cineál ~* 20. *Duine an-~ é* 20.

aighneasúil *aid*. Suáilceach ag comhrá. *Fear lách ~ a bhí ann agus gairiteach freisin* 27.1172.

aigisín *f*. 1. Písín (breise). *Cuirfidh mé ~ beag leis* 19. *Ba daor an t-~ é* 20, ba daor is ba dona an margadh é. 2. Ciste beag. *Bhí ~ beag aige* 20. *Tá ~ beag i bhfalach agam fhéin* 20. *Ffr. aguisín*.

aill 1. Aill, i gcosúlacht le 'ball-alley'. *Aillí Chuíl Each*. *Catha sé gur i ngeáil air an éadan a fágú 'na sheasa dui a fáth ar tugú 'aill' éirí, ach ní 'ball alley' a bhí innit . . .* *Deirtear 'aillí cloch' agus 'aillí go choiléar' freisin* 27.560. 2. Liathróid bheag 32. (*hailí* freisin 32).

aillín *b*. Rud nach margadh maith é. *Is daor an ~ a cheannaigh tú* 20. *Ní ~ mhaith é* 20.

aill *b*. 1. Ní raibh samhail ar bith 'na dhroim aige ach taobh aille 20 (le fear leathan láidir). *Go gcaitheamh an diabhal le háil mhara thú!* 27.775. *Go gcaithe an deabhal le fán aille thú* 19. 2. Cloch mhór 20.

áilleacht *b*. *Dá mbeadh sé ar ~ an domhain ní mholfadh sí é* 20, . . . an-álainn ar fad . . .

aillleog *b*. Broim ghlórach. *As na gáirí, rinne sí aileóg - broim a chloiseá amui air a tsráid* 24 *glogóg*. . . *agus a' cuir cor-aileog go broim aisti* 27.1480.

ailliútar /a'l'u:tər/ *f*. Buille. *an t-~ a thug sé dhó* 20. *Ffr. hailliútar*.

aillp *b*. Canta. *Téann siad isteach ann de ghrá na hailpe* 20, de ghrá rud a fháil dóibh féin (in aisce).

aillpéara *f*. Alpaire, santachán. 20.

áiméan /'a:'m'e:n/. 1. *Oiread ~*, písín an-bheag. *Bhí oiread á méan go chasán eidir na trasláin agus a' trinse . . .* 24 *ritheann*. *A dháthín ~* 20. *Oiread ~ de tháillúir* 20, táillúirín beag bídeach. *Níl ann ach oiread ~ de pholl* 20. . . . *tá oiread dhá méan go bhraon beag ann* 24 *baineann*, braon an-bheag. 2. *Á míle méan!* - treisiú magúil ar *díméan*. A. *Ná raibh sé sin ar choinleach an Fhómhair!* B. *Á míle méan!* 20.

aimhreas f. Amhras. (a) ~ *ag duine faoi rud. Má tá ~ ar bith a'd faoi, téirigh amach is breathnaigh anois air* 20. *Ná biodh ~ ar bith a'd faoi sin* 20. (b) *Níl ~ ar bith faoi sin* 20. (c) ~ *ar. Níl ~ ar bith air sin* 20. (d) *In, san, ~ faoi. Tá mé san ~ faoi sin* 20. *Tá mé in ~ faoi* 20. (e) *In ~ go, ag ceapadh go. Tá daoine in ~ go mbeidh sé daor* 20. *Tá mé san ~ nach gcuirfidh sé aon chaoi air féin* 20, *tá mé ceapadh nach . . . (f) ~ ar go, nach. Ná biodh ~ ar bith ort go dtiocfaidh sé ann* 20, *ná ceap go dtiocfaidh . . . (g) ~ ag go, nach. Tá ~ a'm go dtiocfaidh sé fluich* 20. *Bhí ~ maith agam nach dtiocfaínn* 20. *Tá ~ a'm go bhfuil sé pósta* 19. (h) *Ná biodh ~ ar bith a'd nach mbeidh muid in am* 20, *bí cinnte go mbeidh . . . Níl aon ~ a'm gur rinne sé é* 20, *tá mé cinnte nach ndearna sé é.* (i) *Ní dhéanfainn ~ ar bith nach é* 20, *tá mé cinnte gurb é.* (j) *Tá mé ag ~ go bhfuil siad ag coinneáil an airgid* 20.

aimhréas f. Aimhréidhe. *Tá sé in ~ orm* 20.

aimhréiseach aid. Aimhréidh. *Is ~ an snáth é* 20.

aimhréiteach aid. 1. Achrannach. *Obair ~ 20, 2. Cantalach, coilgneach. Tá sé ~ 19.*

aimid b. Amaid. ~ *caillí* 20. *Nach í an ~ í* 20.

aimiléis b. 1. Anró, mí-ádh. *I need na haimiléise* 20.

2. Achrann. *Tharraingeodh sé ~ 20.* 3. Duine achrannach. *Nach í an ~ í* 20. ~ *a bhí ann* 20. 4. Tugthacht don achrann. *Lán le ~ 20.*

aimiléiseach aid. Achrannach, trioblóideach. *Duine ~ 20. Tá sé sách ~ ar a chuid óil* 20. *Obair ~ 20.*

aimsionn. Beireann greim (go tobann) ar. *Tá chuile fhocal aimsithe aige* 20, *beireann sé gearr ar gach focal (le duine breithghreannach).*

aimsir b. 1. Droch-aimsir, stoirm. *Bád maith ~ e* 19.

2. 'Stoirm' achrainn, stoirm argóinte. *Beidh sé ina ~ acub* 19. *Bhí sé ina ~ againn is é dhéanamh* 19.

3. *Níl lá aoise ná ~ a tíocht air* 19. *Beidh ~ orm shul má bheas mé réidh* 20, *beidh tamall maith . . .*

4. *Ar ~, ag obair i do sheirbhíseach. Rachá air ~ an uair sin ag íche maidí mílse bhí siad cho breá sin* 24, *dhéanfá sclábháíocht chun deis a fháil ar na maidí mílis a íthe. Is mór a deir go rachá air ~ dá íthe* 24. *Nuair a bheadh an t-ann tairbhe orthu aige [ar na fataí] go ndeireach sé 'rachá ar ~ dá mbaint'* 27.1442. *Ffr. buailleann.*

aimsireach aid. In ann chuig droch-aimsir, dúshlánach. *Tá sí [bád] ~ 19.*

aineolasach aid. Aineolach. *An fear bu h-anólasaí a a bheadh air a' mbaile . . . 24 daorann.*

aingéal f. *Dhíúin slí na n-aingéal acub* 32, *dheamhan slí mhaireachtála ar bith acu. ~ in aghaidh do ghuibhe!* 20 - focal ag freagairt eascaine.

aingilín f. 1. Smeachóid dhearg le cur faoin gcuinneog le linn maistrídh 20. 2. Sop lasta le cur timpeall ar ál uibheacha á gcur síos 20.

ainimhthe /an'if'i:/ aid. bhr. 'Feannta', 'ite' ag díblú cainte. *Bhí sí ~ aici* 20.

ainleog b. ~ *chasta, 'convolulus'* 20.

ainm f. 1. *An t~ mór, an focal 'deabhal'. Thug sé an t~ mór amach go minic* 20. 2. *Cuir ~ ar an lá* 20, *ainmnigh an lá coinne.* 3. (a) *In ainm, faoi*

cháil, faoi mheas. Sén fata ar fad a bhí in ~ san am sin 27.134. *Ní raibh aon ghiodán gon bhaile is mó a bhí in ~ ná Cnocán na Gréine* 27.410. *Bhí sí in ~ mhór tamal gon tsaol aig muintir na Gaillimhe* 27.417. *Is mó a bhí a saor cloiche an ainim fadó ná mar atá sé nois* 24 *saor cloiche.* (b) *Tagann in ~, tagann tóir, meas, air. . . . tagann a' tsat-iascáir-eacht in ainim go léim ag grabairí an bhaile* 24 slat.

4. *In ~ an Athaí(r), comhartha na croise á chur ar an éadan.* (a) *Chuir mé n' ~ an Athair air m'éadan* 27.884. (b) *Ní bheadh 'in ~ an Athair 'ráite nuair a d'fheiceá a' tuíomh aríst í* 27.1248. *Ní ra siad a' goil 'an ~ an Athair' air* 24 méir, *ní raibh siad ag déanamh aon leas dó ach ar feadh tamaillín.* 5. *Ainm ós /an'im'o:s/ /an'im'u:s/ (a) Rud gan mhaith ach go bhféadfaí a ainm a thabhairt air. . . . a dtiona ainimís maoil dhaof* 24 adharc, *ag cur i gcéill gur maoil a bhí iontu. . . . agus ainm bhfús siopa beag acu ann* 27.1101. *B'fhearr dhuit anois . . . scadán dearg a bhe le do dhinéar agut lá Nolac ná ainim ós gé a bhe agut nach bhfuil inntí ach craiceann is clúch* 24 piocann. (b) *Ceaptha a bheith, á chur i gcéill go. Bhí an troid ainm bhfús le bhe i nganfhiós, ach ní hamhlaidh bhí* 24 éadan. *Hainic sé isteach a lá seo i dteach tuaf ainimíús ag iarra oibre* 24 Raifteri.

ainmhéid : **ainmhéid,**

ainneoin /in'u:n'/. 1. *Thar m' ~, thar m'fhulaing.*

Ná cuir thú fhéin thar t' ~ 20. Chuir mé mé fhéin thar m' ~ 20. 2. *Sfh. Spalla dhá deoin ná ginn dá h ~ 20, ná fórsáil an spalla, ach fórsáil an ding.*

ainnis b. 1. Míshlacht. *Níl ~ ar bith uirthi* 20. *Níl aon ~ uirthi* 20. 2. Tubaiste. *Rinne siad díreach air a' mbád bhí sí tamal maith anoir an uair seo ón áit ar tharla an ~ 24 bád.*

aircín f. Caolas farraige idir aillte móra. *An t~ thiar* 19. *Aircín an Mhaide Rámha* 19. (Is i log. is mó a chloistear é, ach tuigtear a bhí mar ghnáth-fhocal.)

aird b. Treo. *Uair sa naoi n ~ 20, uair an-annamh. Duine sa naoi n ~ 20.*

airde /aird'ə/ b. 1. *Nuair a bheadh sé in ~ mhara* 20, . . . *ina lán mara.* 2. *Bhí ~ feola air* 20, *bhí sé [mart] an-ramhar. Bhí ~ salachair air* 20, *bhí sé an-salach. ~ crann báid de shalachar* 20. 3. ~ *marcaigh, an-airde. Tá aoirde marcai go bhuntsop aici agus is aig Dé a tá fhios cén uair a cuiríú a' chéad stráca* 27.733. 4. . . . *go raibh ~ duiche [de chréafóig] air - 'le talamh a bhfuil doimhne mhór chréafóige air a deirtear é sin'* 27.1461. 5. ~ *Sheán Dáithí, airde mhór don liathróid sa geluiche daoracha. Déan ~ Sheán Dáithí* 20. *Cuir ~ Sheán Dáithí anois í* 20. 6. *br.-ch. Ní dhearna mé, níos ~ ná beannú dhó riamh* 19, *ní raibh aon chaidreamh agam leis thar beannú dó.*

airdeallach aid. Ag faire ar dhul i mbradaíl. *Bó ~ 19. Bó bheadh ~ nó bradach* 20.

airdín f. ~ *an chúil* 20, *an chuid is faide siar de chúil an chinn.*

airdiúil aid. Aireach ar chaint, réidh le cluas a thabhairt do chaint. *Páistí ~ atá iontu air scoil,*

reís cho haerach is atá siad sa mbaile 24. Má sé gifte na cainnte atá ag a' sagart atá dá gcoinneáil oula, níl fhios agam, mar ní uaitheá pobal níos airdiúla chuile Dhónach ná iad . . . 24.

aire b. 1. *Tabhair ~ na gloine dhuit héin 19, . . . an-aire. Fuair sé ~ an linbh 20. 2. Tá rud ar m'~! 20, ní rud a mbacfaínn leis an rud atá tú a rá (le sear-bhas). Tá damhsa ar m'~! 20, níl spéis ar bith sa damhsa agam. An bhfuil aon cheo ar t'~? 20, an bhfuil tú saor le rud (atá mé a iarraidh ort) a dhéanamh. 3. Chuir mise a chuid cainte air ~ dhó 24 níudar, chuir mé in iúl dó go mba cheart dó aire a thabhairt dá chuid cainte. 4. Ath-smaoineamh. Tamal fada na dhé sin bhuaíl airí eile an mac . . . 24. cf. Ghoin m'aire mé.*

aireach aid. 1. Airdeallach, réidh le dúiseacht, mí-shuaimhneach le teannm airdill. *Bhí sé ~ thrína chodladh 20. Nach maith ~ an codladh atá ort! 20. 2. [Cat a bhí] an-aireach ar na luchain 19. Cho hairreach le cut bheadh faire lucht bheag i bpoul 24.*

aireachas f. Tinneas éigin? *Níor haithní leis na sean-daoine an t-aireachas theacht orú 24. Níl fhios agam ariabh cén tinneas a dtugach na sean-ndaoine an t-aireachas air 24.*

aireachasach aid. *Á aireachasaf dá raibh siad bhí muide chomh h-áirdealach 27.68.*

aireachtáil a. br. *Gan ~, go tobann gan choinne. Bhuaíl pian mé gan ~ 20. Leagadh mé gan ~ 20.*

airgead f. ~ arúir 19, airgead a íoctar leis an sagart gach aon Fhómhar. — an arúir 27.509. *Tá oiread airgid aige a mharóidh mada de shodar 20. Tá marú mada d'~ aige 20.*

airgéis b. 'Bagáisti'. *Bhailigh sé leis a chuid ~, bhailigh sé leis 'a chip is a mheanaithe'. Cheap-fainn go bhfuil ~ a'd théis na Gaillimhe 20, . . . go leor rudaf ceannaithe agat.*

airgín b. Tairngreacht. *Is minic a chuala mé seanfhir a ra meuir san Airgín agus a chuala á léamh í . . . 24 saor báid.*

airí b. 1. Rinne sé obair na h~ 20, go leor oibre. *Bhí siúl na h~ faoi 20, an-siúl. 2. Na h~ báine, 'an tsaoil'. Ní chuireadh iomra na haithrí báina (sic) aon cheo an cinn é 24 bealóg, . . . iomra dá láidre. Ní dhéanfadh dochtúirí na hairí báine aon mhaith anois dó 27.1438. Tá siad ruait sa gcaoi nach ndíonach báisteach na h-aithrí báine math dhaof 24 ruann. Ní bhéarach fataf na haithrí báine mise ar ais anois 24 ocra.*

áirid aid. 1. Corr, speisialta. *Tá siad ~ 32. Tá sé ~ agus riachtanach 32. Tá sé níos áiridí ná é aríst 20. Tá an saol ~ anois le ais an uair sin 20. 2. Baileach. Níl a fhios agam áirid cén uair a thagann siad 20.*

áiríonn 1. (Le boladh) *Airím baladh eicint 20. 2. (Le cumas dúiseachta) An aireoidh tú dúiseacht? 20, an ndúiseoidh tú (in am) uait féin? Níor airigh mé éirí ar maidin 20, níor dhúisigh mé (in am). Bhí cainnt mhaith réir aige go n-áireóch sé héin éirí 24 leadaí. An aireoidh tú corraí ar maidin? 20. An aireoidh tú mé a dhúiseacht? 20. Aireoidh mise ar maidin 20, dúiseoidh mé (ag an am ceart) . . .*

áiríonn. Luann. *Ní áirím cé dúirt é 19, níl mé ag*

insint . . .

áiríte aid. *Áiríthe. Bhí uaigneas ~ eicint a baint leis a méid sin gon bhothar 27.556. . . . go h~ a' t-am seo bhliain 24 buinneach. Ffr. áirid.*

airleacan f. (In aon fhrása le 'iasacht'). *Níor thugadar iasacht ná ~ ariamh uathab 20. Sfh. Ní ~ mná gan grán é 20 (=?).*

airneán f. An t-airneán, 'ó Lá'í Ciaráim [9ú M.F.] go Lá'í Páraic' 19.

áirse f. 1. Ardú na coise (ag an duine) 24 ársa. 2. *Faoi áirst an tí, faoi chaolacha an tí. Ná teara isteach faoi áirst mo thí aríst 20. Níl blas aige faoi áirst an tí 20.*

áirsíonn. Arsaíonn. *Áirsithe go maith sa lá 19, tmp. a haon nó a dó a chlog. Tá an ghrian áirsithe siar go maith anois 19, . . . imithe siar de réir mar atá an lá á chaitheamh.*

Airtí Finn /artí: f'in'/. Duine dá chumasaf. *Ní bhaineach ~ ceart dhó 24. ~ ní dhúiseoch é 24. Ní chuireadh Airtí Finn in aghaidh chuile é á gceapadh sé gurbh é a bhí ceart 27.563. ~ ní bhainfeadh as a ceann nach fear a bhí á leanacht a bhí sa scáile oi' ghealaí 24 scáile.*

áis b. Deis. (Le bád) *Ar a h~. (a) Ag scoladh le cóir 32. (b) Ina lú ar leataobh ar an talamh 33. (c) Ag imeacht in aghaidh a h~, ag seoladh agus ualach uirthi ar thaobh na gaoithe 33. Ffr. táis.*

ais (i bhfr. dobh.). 1. Droim ar ~, trína chéile. *Bhí a raibh ann droim ar ~ 20. 2. Le ~ dá, i gcomórtas leis an scéal dá . . . Is beag an mhaith adhmaid le ais dá mb'iarrann a bheadh ann 20. Is beag an bhí í le ~ dá gcaillteá uiliug í 20. 3. Le ~ mar, i gcomórtas le mar . . . Ní theigheann carr as an gcéad ann le ais mar theigheadh fadó 20. 4. Fágaim le m'~, dearbhaím, geallaim. Fágaim le m'~ go bhfaca mé í 19. Fágaim le m'~ go ngabhfaidh mé amach Carna an-áireach 19. 5. Leagann lena ais, déanann staidéar agus socraíonn go daingean ina intinn. Nuair a leag sé lena ~ é, ní raibh stróbh air é a dhéanamh 20. Dá leagfainn le m'~ é dhéanfainn é 20. Leag le t'~ é, agus déanfadh tú é 19. Leag t'intinn le t'~ 19, déan athsmaoineamh ar an scéal. 6. Ar ~ aríst, ar an taobh eile den scéal, ainneoin sin. Dúirt sé ar ~ aríst nach dtiocfadh sé 20. Ar ~ aríst tá pointí maíthe ann 20. 7. Ar ~, chomh maith, freisin. Tá siad ar fad pósta agus cuid dá gclann pósta ar ~ 24A.*

aisce. In ~, gan saothrú. *Ní dheacha tada in ~ leis 20, ní bhfuair sé tada nár shaothraigh sé go crua. Gheofar deire na scéalta in aisce 24A, beidh na scéalta ar eolas ag cách ar ball.*

aisleáin (?) 'Ístéáin agus aisleáin agus áibhéil mhóra mhuintir Fheatha', d'abhríodh siad fadó 27.389.

aisteach aid. 1. An-salach. *Tá gach uile áit chomh brocach chomh h~ 20. 2. An-mhór, an-iontach (go hiorónta). Bhí rúcam ~ ann 20. Thug sé liobairt ~ dhó 20.*

aisteachas f. In ~, an-salach. *Bhí sé in ~ le fiasóig 20. Bhí sé [garraí] in ~ le salachar 20.*

aistil b. 1. Mothú aisteach de thoradh tinnis nó faitís. *Tá cineál ~ orm 20. Chuir sé an~ orm 19.*

2. In ~, an-salach. Tá an teach in ~. Tá sé [garraí prátaí] in ~ le salachar 20.

aistir b./f. 1. Turas. Ní ~ bó ionlao ort é 20, ní aistear fada ort é. 2. Ualach le haistriú. Tóir aistir uisce nó bláthaí ag na gabhna beaga . . . 24. Tá na lámha taraintí asam a' taraint na n-aistreachaí sin . . . 24. Theasta uaim rithe chuig an abhain a' coinne aistir uisce 27.805.

aistiúlacht b. Mothú aisteach de thoradh tinnis nó faitís. Bhí ~ eicint orm 20. Chuirfeadh sé ~ ort 20.

aistreán : oistreán.

aistriúchán f. Aistriú minic ó ionad (scíthe) go hionad. Bhí ~ go leor air [ualach] 20. Ag ~ ó mhaidín 32.

áit b. Fáth. Ab shin é an ~ a dtáinic tú? 19. Is é an ~ a dtáinic mé, chuala mé go mb'fhéidir go mbeadh olann agaibh 19. Is é an ~ a dtáinic mé, tá mo dhreithiúr tinn 19.

aiteann f. Maíl aitinne, malaí móra láidre 20.

aitéas. Admháil. Ag baint ~ go mhuintire a tí go ra gunnaí acu, rud nach ra acu 24 soláthraíonn.

aitheas f. /a:s/. Ní h ~ do, ní stró do. Ní h ~ dhuit beatha a bhaint as do chuid foghlama 20. Ní ~ diúinn é sin a dhéanamh amach 20.

aithinne b. Splanc. 1. Bainfidh mise aithinniúchaí asad! 20, léasfaidh mé thú. Bhí an bháisteach ag baint aithinniúchaí as an mbóthar 20, bhí sé ag báisteach go han-trom. 2. Splanc céille. Ní raibh aon ~ riamh aige 20. Níor fhága sé ~ aige 20, chuir sé trína chéile é, chuir sé chun feirge é.

aithis. Oidheadh is aithis ort! 20 (eascaine).

aithne¹ b. Ordú. 1. Ní ag cur aithne ort é - focal a deirtear ag baint an dochair as an rabhadh. Tuir-faidh tú aire go do láimh anois - ní ag cur aithne ort é 20. Seachain ar mbrisfeá é sin - ní ag cur aithne ort é 20. Fainic thú fhéin - ní ag cur aithne ort é 20. 2. Chuir sé na seacht n-aithne orm gan a ghoil ann 20. 3. Fua sé cho gar le na deich n-aithne dhuí a bhe caití 24 caitheann, chuaigh sé an-ghar dí. . . . Chua sé chomh gar le na deich n-aithne dhom dreacháir eile . . . a fhágáil gan labhairt air 27.1091.

aithne² b. 1. Cumas rud a léamh is a thuiscint. Sean-bhean sa teach a raibh ~ ar an gclog aici 19. 2. Cumas smaoinimh is cainte. Bhfuil ~ aici fós? 20. Tá sé ag cailleadh na h ~ 20. 3. Cumas rudaí a idir-dhealú (ó chéile). Bhí ~ ar an airgead acub 20, d'aithin siad na boinn ó chéile. Bhfuil ~ agad ar go leor luibheannaí? 20. Tá ~ air [planda] 20, aithnítear é. 4. Bhí ~ ar an gcapall aige 19. Níl aon ~ uirthi nach b'í Véineas í 20, iompraíonn sí í féin ar nós dá gceapadh sí gurb í V. í. Níl ~ ort nach thú leath an domhain 20, tá gothaí gaisciúla ort. Tá oiread ~ a'm air is atá a'm ar mo leathláimh 19. 5. Cosúlacht (a léiríonn rud éigin). Ní raibh ~ deoir air, ní raibh ~ snig air, ní raibh ~ sliocht air 20, ní aithneofaí air go raibh braon (iomarcach) ólta aige. . . . go raibh ~ uain uirthi 20. ~ lao uirthi 20. Tá ~ fad ag teacht ar an tráthnóna 20. (Gan an focal fad). Tá ~ ag teacht ar an lá 19, aithne fad . . . Tá ~ bheag ar an lá 20.

aithníonn¹ 1. D'aithneoinn é agus a leath dóite 20, tá an-aithne agam air. Ní aithneodh sé cat thar cóiste 20, tá sé caoch. D'aithin mé as na daoine é 20, d'aithin mé é toise a chosúla lena mhuintir é. 2. Is furasta aithint, aithne. Is furasta aithinte gurb é atá ciontach 20. Is furasta aithint an mímhúndadh 20. B'fhurasta aithne an gandal 27.1384. B'fhurasta aithne duit an uair a bheadh siad a' brath ar éirigh san aer 27.1386. B'fhurasta [a] aithint! 20, bhí sin an-solléir, an-so-thuigthe. 3. Thug sé 'an aithint é 20, d'éirigh leis é aithint (tar éis tamaill).

aithníonn². Ordaíonn. /o:jiə'an'iər/ 32, /ji:'an'i:r/, /ji'an'e:r/, /je:'an'i:r/, /je:'jan'i:r/ 20. (Ó) Dhia aithníthear (?) - focal a deirtear roimh fainic a chur ar dhuine. /je:'jan'i:r/ seachain a dtitfeá 20! /ji:'an'e:r/ agus a athair bheannaithe tabhair aire dhuit fhéin! 20. Fainic, /ji:'an'i:r/ a ndéanfá é! 20.

aithrí b. 1. Sfh. An ~ mhall bíonn sí contúirteach 20. Nár thige deoir ~ uait! 20. Nár shile tú deoir ~! 20. D'imigh sé gan ola gan ~ 20. Fágaim le m'udhachta is le m'aithrí go . . . 20, dearbhaím go . . . 2. Rian ~, faoiseamh, biseach beag ó thinn-neas. Déarfá go raibh rian ~ beag anois aige 20. Tá beagán rian ~ aige 20. Ffr. ré.

aithris b. Athinsint. Níl aon chuid ~ ann 20, ní duine é a athinsíonn a gcloiseann sé. Is beag an chuid ~ bhí air 20, is beag (drochrud) a d'fhéadfaí a insint mar gheall air.

aítí (br.-ch. ó aít). B'olc ab ~ leis é 20, níor mhaith leis ar chor ar bith é. Ba bheag ab ~ leis é a shamhlú leis 20. An rud ab ~ leis féin 20.

áitíonn 1. Tosaíonn go fuinniúil. (Le ar) D'áitigh sé air ag baint 20. (Gan ar) D'áitigh sí fhéin ag bramannaí 19. 2. Ionsaíonn le feannadh cainte. D'áitigh sé orm udar ar bith 20. D'áitigh siad fhéin ar a chéile 20. Áitigh ort! 20, labhair amach! D'áitigh tú é 20, d'ionsaigh tú le caint é agus chuir tú ina thost é.

áil f. Tál. Tá áil breá nua ceannaí ag a' bhfear 24. An fuinseoig tá i gcois an áil? 24. Tá na háil le fáil agut . . . 24. (Tál 19).

ala¹ (f.?) Nóiméad. 1. Ní bheidh mé dhá ~ amuigh 19. Bhí a fhios agat ar an gcéad ~ 19, ar an nóiméad. 2. ~ na huaire, cúpla nóiméad. Ná bí ~ na huaire á dhéanamh 19. Ní thóigfeadh sé ~ na huaire orm é sin a dhéanamh 19.

ala² f. Cúis. (Sa leag). gan ala gan ábhar 20, gan fáth gan ábhar (<fala?).

álaínn aid. Breá, aoibhinn. 1. Chomh háluinn leis a lá bán 24. 2. Mar fhocal treise le diabhal. Diabhal áluinn ceart a bheadh i gceachtar aguinn dá n-abrtodh muid go raibh muid ag obair 27.1137. . . . mar deir a' diabhal áluin a bhí dhá tiomáint 27.941. 'Nach shé an diabhal áluinn go dtreach é' a deir sé liom 24 sv. bogann.

alaisc(r)each b. (alaiscreach 19, 20, alaisceach 20). Duine drochlabhartha mímhúinte bearránach. Nach í an alaiscreach í 19. Alaisceach caillí 20.

allar f. Béic. Chuir sí ~ aisti 20. An t-~ chuir sé as, níl fhios cáide chloisfeá é 20.

allas *f.* 1. Tá drúcht allais air 20, tá allas trom air. Ag dóirteadh allais 20. Tá alas a' bháis air chláir éadain chuile dhuine nuair atá sé a' tóirt na séideogai deire leis 24. 2. (Mar a. br.) . . . ag ~ mar a' mbáisteach 24.

allta *aid.* An-fheargach. Bhí mé ~ 20.

alpaire : ailpéara.

alpúch *aid.* Alpach 32, 20.

ait¹ *f.* 1. An cnap beag ar an rosta. ~ do rosta 19. 2. Giota sa bportach a fhágtar gan baint le go dtaosefadh sé 19. Alt móna 20. 3. Tá sé buailte in ~ na mine a'd 20, tá an coirce gearrtha ró-ard agat agus coinleach rófhada fágtha. 4. ~ ar chroí 19, tinneas éigin a gcaitheann duine uisce glas amach leis. Cuirfidh mise ~ ar chroí ort! 20.

ait² *f.* 1. Scata cruinn, ealta. Is minic a chonaic mé ~ mór peirseanna fúm síos 24 uisce. Chomh luath is a fheiceas siad [caoire] é [mada] rithe siad agus déanfha siad ~ fré chéile 24 sceiteog. 'Alt' a d'airridh mé á thabhairt ar bheacha nuair a imíonn siad san aer amanta amhladh 24. 2. (Le crainn) Fua mé hart air árdán mór a ra ~ crainn air 24 ritheann. **altachán** *f.* Grabaire óg dea-dhéanta triollúsach. Sén t-altachán crua líc é, is beag a' fuacht nó leisce air maidin air 24. Caipín an altacháin 24.

altóir *b.* 1. Bord ar a gcrúinnítear airgead don sagart ag sochraid 24. 2. An bord a úsáidfeadh an sagart mar altóir ag na stáisiúin. Géas na haltóra 24.

altú *f.* Gabháil buíochais le Dia ar son béile. Ocras tar éis altaithe ort! 20.

am. *f.* Dhéanfá idir dhá ~ é 20, dhéanfá idir dhá linn é.

amach *dobh.* 1. Chuaigh sé tao' mach den doras 19. Dá bhfágadh fear ~ an teach 19. 2. Aniar ~ é 20, as áit i bhfad siar é. Ní raibh aon ghlicadh le bulaí baile ~ 27.292, . . . as áit taobh amuigh den bhaile . . . fir baile 'mach 24 brúith. 3. Thugadh sé lucht cloch aoil ~ 19, . . . amach as an oileán. . . é fhéin a chaitheamh ~ sa bhfarraige 20. 4. Amachamuid linn 19! téimís amach. 5. . . do chois chlí a chur ~ i do bhróig i dtosach 19. . . a láimh ~ sna bróga 20. 6. (Mar fhocal treise) Réitigh sé é fhéin ~ 20. Tá sé feistithe ~ 20. Stócáil siad ~ 20. Tá chuile mhíle níd chéapí mach anois á bhféidir smaointiu air 24 ceapann. Bhí sé a' ceapa 'mach gur féarr i bhfad a bheach na feiliméaraí beaga a' coinneáil 24. Báile a bhí ann agus sé a bhí ceapá 'mach ag a' dlí babhta le próis a shearbháil 24. 7. Cé chuaigh ~? 20, cé ghnóthaigh an cluiche cártai? Tá an bun ag goil ~ 20, tá an cluiche ar tí a bheith thart. 8. Is fada ~ uainn é 20, gaol i bhfad amach atá aige linn.

amadántacht *b.* Amadánteacht. Cén ~ í! 20.

amaid *b.* Sraoil. ~ de shraoil 20. Ffr. aimid.

amáireach *dobh./aid.* Sui síos, leig do sgí, nach ort tá an farach, ní bainiú aon cheo as a' lá máireach fós 24 suíonn . . . beidh tú luath go leor ag obair, etc. amárach. A. Bhfuil sé réidh agaibh? B. Mara bhfuil fhéin, níor caitheadh aon cheo den lá amáireach fós 20. Dá mbeithé a' cainnt anois go dtiucach a' lá máireach air ais . . . 24 gar. Déar-

faidh mé ~ é 20 - a déarfaidh duine nuair atá ag cinnt air an focal ceart a aimsiú sa chomhrá.

ámh (?). Tá siad ag iarradh báistí. 'Iarradh ámh agus árainn orthu!', deireadh Sedn 'tuige nach bhfuil neart uisce in Loch Coirib len ól acu má tá tart orthu' 27.1413. Cf. Iarra as agus árainn orthu! 24 (?).

amháin *dobh./con.* 1. Rud áirithe amháin. Ní móide go gcloisinn caint ar bith eiri meireach ~ 27.338. Marach ~, ní ghabhfadh sé isteach ann 19. (Leathfhocal) Marach ~ - agus dhá chluais a bheith ar an ngiorrán bán 19. 2. Chuile dhuine ~ acub 20. Chuile shórt ~ dár úirt mé 20. 3. (Mallacht) Nár ba hé ~ dhuit! 20. Nár ba hé ~ dhuit nach ndúnnann tú do bheál! 19. 4. Fiú amháin. Níor chuimhnigh mé ~ air 20.

amhantar /u:ntər/ *f.* Níon maith an t~ é 20, - focal searbhasach a déarfai le gasúr a dhéanfadh rud as bealach.

amharc : afarc.

amhas *f.* Bithiúnach olc (de dhuine nó d'ainmhí) 20. ~ gadhair 19.

amhaíonn /avdi:n/ 19, /audi:n/ 24, /aundi:n/ 20, 32, /aurdi:n/ 20, 24. Insíonn, fógraíonn. D'ourda sé na dhiadh an buíochas a bhí aige orthu . . . 27.39. Sé an sagart paráiste a lé an t-aifreann agus nuair a d'amhda sé gur fríomh corp a tséplíneach curtha i dtalamh móna 27.118. D'admhadh sé gon altóir go mbeadh Aifreann i séipéal a' Pharáiste lá eicint amach sa tseachtain aige 24. Níor hamhdaíodh dhom é 19, níor insíodh . . .

amhlách /auLa:x/ *f.* 1. Duine, daonnaí. Bhí an t-oulách ann na dhia sin a ra sé go chroí aige é dhíona [éadach Aifrinna a bhronnadh ar an sagart] 24 éadach. D'iarrach [déarfadh] sé an chaint [an ortha] dá mbeach na doitheachaí air an oulách a thiucach aige 24 doitheacha. 2. Duine díobhálach, bithiúnach . . . a' cuartú an amhlách a' cnag air a' doras 27.429. . . an t-amhlách a bhris isteach 24. Mhotha sé an t-oulách tíocht na dhé agus bhíos aige nach air mhatha leis é 24 mothaíonn. B'é an t-abhlách a rinne é . . . Bhí chuile shórt ceart go leor go dtáinic an t-abhlách ag cuir eatrainn 24. Hainic a' t-oulách san oí agus níor fhág sé cloigeann gabáiste gheal agus nár bhain sé. Is beag a' mhath bhe a' faire an oulách 24. 3. 'Duine bocht,' créatúr (le trua). Déarann siad gur rite 'nuas tá an t-oulách nuair a haggans na h-íosc-óideachtaí air 24 neascóid. Go ra ort cabhrú leis a' mbeithíoch bocht agus féachtáil le fóirinnt a thóirt dó, bíoch a' t-oulách ar leis é leat nó'n t-aghaidh 24 streachtaíonn. 4. Duine nach mbeadh aithne air. 'Mar maró tusa' a deir a' t-oulách amu' 24 muc.

amhras : aimhreas.

amla *f.* Donú de bharr drochaimsire. . . ~ fáite aige 19.

amlás *f.* Saint. Tá sé lán le ~ 20. Le teann amláis 20. **amlásach** *aid.* Santach, amplach. An ~ 20.

amlóir *f.* Duine cantalach 20. (Amhlóir 20 freisin).

amlóireacht *b.* Clamhsán, cantal. Lig do do chuid ~ 20.

amparán *f.* Bean a bhfuil an bhri cailte aici de thoradh trioblóide, tógáil clainne, etc. 24.

ampla *b.* Sainnt. Éirigh amach agus cuir giota na h-héin 20, giota beag (prátaí) a shásódh do dhúil amplach iontu.

amplachán *f.* Ainmhfí amplach. *Is iomaí muic a bheatha mé . . . ach sin iad na hamplacháin is mó a casu orm ariamh* 24.

amplúch *aid.* Amplach 20, 19.

amú dobh. 1. Aineolach. *Tá mé ~ cén fá ar tugú an t-ainm sin air* 27.286. *Níor chuala mé ariomh go raibh a leithide ann agus atá mé ~ ag an ainm* 27.261, . . . agus ní thuigim cén t-údar atá leis an ainm. *Bhí na daoine amach sa mach ~ cén fá a raibh sé dá dhéanamh* 27.492. *Tá chuile dhuine ~ cé thóig í* 27.501. 2. *Nár theighe an tsúil sin ~ ort!* 20, go bhfaighe tú an rud sin a bhfuil súil agat leis.

amuigh dobh. 1. As baile, thar lear. *'Hainic sí ar cuairt aguinn . . . réis bliain agus dhá fhichead a chatha mair'* [i Meireacá] 27.7. 2. *Amuigh air, ag brath ar, ag súil le, ag iarraidh.* *Bean óg a bhíodh amui air phósadh fadó, d'imíodh sí le fear* 27.162. *Ní amui air ghrúchan atá muid* 27.220. *Tá sí amui air an údar fháil, sin é eile bhfuil a' cuir imrí eiri* 24 údar. 3. (Le hathrá) *Tá sé ~ ansin ~ sa seomra* 20.

an alt. (Le ain. teib. + mór) *Bhí an cleachtadh mór agam orthu* 27.1063, . . . an-chleachtadh. *Bhí an t-eolas mór a'm ar an bpoibál sin tráth den tsaol* 19. *Bhí an ghoin mhór air* 24 arán. . . . *bhí an faitíos mór orthu gur aithne Páruic iad* 27.1073. *Tá an cur mór déanta agaibh* 20.

an-réim. treise. 1. (Leis an alt) (a) (Le ain. f.) *Bhí an t-an-tinneas air* 20. (b) (Le ain. b.) *Bhí an t-an-oíche againn* 20. *An t-an-bháisteach* 20. (c) (I ndiaidh réamh.) *Caithfidh sé go bhfuil siad sa t-an-airde* 20. (d) (Sa ngin.) *A' fáil an t-an-aois* 20. (e) (Le iol.) *Bhíodh an t-an-oícheantaí ann* 20. . . . *na t-an-oícheantaí* 20. *na t-an-pheacaí* 31. *An t-an-phaidreachaí* 31. *Bhí na h-an-scéalta aige* 19. 2. *Tá ina an-.* *Bhí sé [i] n[á] an-daímhseoir* 19. *Bhíodar ina n-an-fhíll* 19. *Beidh sí ina h-an-scoil* 32. 3. (Roimh dhobh.) *An-deabhaltach mór* 20. 4. (Roimh réamh.) *Bhí sé an-i-gceist fadó* 20.

ana *b.* 1. Tréimhse aimsire breá. ~ *na Féile Michíl, ~ na Samhna* 19, 20. ~ *bheag na Samhn(a)* 20. ~ *na Féile Páraic* 20. ~ *na bhfóthadán* 19, aimsir mhaith tús Mheán Fómhair nuair a bhíonn an síol á shéideadh de na fóthadán. 2. Féile. *Teagann focal do pháiste le ~* 20. *Níl aon ~ sa mbliain nach bhfeabhsóidh a chuid cainte* 20. (Cf. *Tagann focal do pháiste le féile* 20).

anabái *aid.* An-mhór. *Bhí méid ~ ann* 20. *Beithíoch ~* 20.

anachain *b.* Tubaiste. *I bhfad uainn an urchóid agus an ~!* 20. *Tá uair na h-ann* 20, tá an tubaiste i ndán ag uair áirithe. *Go sábhála Dia ar uair na h-muid* 19. *Ní ag comhaireamh na hanachan é* 20, - focal a déarfai tar éis timpiste nó cailliúint a lua.

anaí iol. 1. *Hug muid na hannaí woe air éigin* 27.62, d'éalaigh muid slán uaidh ar éigin. *Mar b'fhíos aige go maith nach rabh ann ach go dtug sé na h-woe*

24 muineál. . . . *go raibh orm na hannaí a thabhairt woe nó go mbeidhinn shíos leis na fiacha* 27.324. *Thug muid na h-uatha* 24. 2. . . . *ach rithe agus é a thóirt faoi na heannaí go ra muid as duais* 24, rith agus é a thabhairt do na boinn . . .

anáil /una:l'/ *b.* 1. Drochthionchar. *Marach ~ duine eicint eile bheith scaoilte faoi* 20. . . . *go ndeacha ~ eicint faoi* 20. 2. ~ *ghabhair. Bhí ~ ghabhair iontab* [i slata sail] 20, bhíodar fabhtach toisc gur theagbhaigh gabhar leo, á n-ithe. 3. *Thiúrfadh sé ~ dhuit* 20, . . . cairde le fiacha a íoc.

análach /una:lax/ *aid.* Fad-análach i gcúrsaí rásaíochta nó oibre. *Siad is undálaí dhá bhfaca mé fós* 24. *B'iad a ceathrar ariabh a mbád iad b'undálaí a rug air mhaide ráimha ariabh* 24.

anam *f.* 1. (Le faitíos). *Bhí an t-~ a goil aniar in a mbéul* 24 *ceanglaíonn, bhí faitíos ár gcroí orainn . . . ag cur a anama amach thar a bhéul* 20, an-fhaiteach. *Faitíos m'anama* 20. *Bhí m'~ ag goil amach thar mo bhéal le teann faitís* 20. 2. (Le saothar, le traochadh). *Tá chuile fheiliméar a muinín anama sa mí sin* 24, ag obair ar a dhícheall. *Bhí mé ritheach go brách go bhfuil bun m'anama amuigh* 20. *Tháinig sé is bun a anama amuigh* 20. 3. (Le treise). *Tá dúil an anama aige ann* 20, . . . an-dúil. 4. *Bhí ~ céad fear aige ina phóca* 19, bhí bás nó beatha céad fear ag brath air. *Beidh t'~ orm!* 20, maróidh mé thú! *'Tá m'~ ort, a bhean' a deir sé* 24 ólann, is tú is cúis le mo bhás. *Dhúin blas ann ach gur chaith Dia an t-~ leis an dream atá anois ann* 19, . . . ach go bhfuil an dream beo ar éigean. 5. *Go h-~.* *Tá luach go h-~ air bheithí a chuile chedra gon tír anois* 24 *luach, tá luach an-mhór . . . Ghabhfadh sé air go h-~* 20, bheadh sé ag imirt aig go dona. *Chuir sé a chois go h-~ ann* 20. *Bhí an phian go dona, bhí sé ag goil go h-~ ionam* 20.

anastach *aid.* 1. Fíormhór. *Cloch ~* 20. *Nach ~ go deo an duine é* 20. *Carr ~ féir* 20. *Is ~ an t-ualach móna é* 20. 2. Stoirmiúil. *Aimsir ~* 20.

ancaire *f.* 1. É [an t-asal] *a chur ar ~* 19, é a cheangal sa ngarraí. 2. Fear mór láidir. *Sé an t-d'fhear é* 20. 3. *Tá tú ansin ar ~* 19, i do shuí in aon áit amháin le tamall gan corraí.

ancard *f.* Tancard (soitheach beag adhmaid). . . . *ag tarraint ancaird bhainne isteach Gaillimh* 20.

anchoi *b.* *Ag obair ar ~* 20, ag obair le drochdheis, nó le linn droch-aimsire.

angailt *b.* ~ *dhearg* 19, péist thalún. (agailt 20).

angar *f.* 1. Tubaiste, anró. *Is é a tharraing i mbealach an angair mé* 32. *Chuaigh sé i mbealach an angair leis* 32. 2. Béal bocht, sprionlaitheacht. *Tá sé ite ag an ~* 20. *Bíonn sí i gcónaí ag caoineadh leis an ~* 20. 3. *Bun an angair*, buaic an díchill. *Tá sé [i] mbun an angair aig* [chuig] *an áit anois . . .* 24, tá an-dúil aige ann, 'tá a dhícheall á dhéanamh aige lena fháil. *Ní raibh siad i mbun an angair ag a' tala, - sin nach rabh leath suim acu é a cheannacht* 24. *Ní raibh muid bun an angair sa súil* 20. *Ná bigt bun an angair leis* 20.

anglánta *aid.* Cantalach, achrannach. *Chomh h~ le dris* 20.
anglóir *f.* Anglán. ~ *salach é* 20. (*anglán freisin* 20).
aniar *dobh.* 1. *Dhúisigh na fir ~ 19*, dhúisigh agus shuigh aniar sa leaba. 2. *B'fhéidir gur ~ amach in áit eicint é* 20, . . . as áit i bhfad siar. 3. *Bhuail sé cic ~ sa tóin air* 19. 4. *Tá súil ~ aduaidh ann* 20, tá súil cham ann. 5. *Teacht ~, feabhsú. . . ach gur mó is fuú má chuaigh áit siar go dtáinig an áit eile ~ 27.1486.* 6. *Rud a choinneáil ~, caoi mhaith a choinneáil ar rud. Tá mé ag iarra a bhe a' coinneáil a' tí ~ . . ., 24 sv. coinníonn. . . an chaoi is fearr l'oe an tí a choinneáil ~ 24 molann. . . gur tú tá a coinneáil a' tí 'n iar agus meireach thú go n-imeóch sén [sé chun] fudair* 24.
aníos *dobh.* *Is cuimhneach liom an áit seo nuair nach raibh teach ar bith ~ ann* 20. *Níl deoir ~ ná anuas ann* 32 - le teach tirim.
anlacan *b.* (Sean) tuama 19.
anlann *f.* Déan ~ *leis* 20, ná hith ach beagán de.
anmhaidin *b.* Fíormhoch na maidine. *Bhí tú do shuí san ~ 19.*
an-mhairtóch *aid.* An-aireach i do thaobh féin. ~ 19. (*An-mharach freisin* 19). Cf. *ollmhaireach.*
anmhéid /'anv'e:d/ (*n* leathan). Méid ollmhór. *Tá sé san ~ 20. Chuaigh sé san ~ 20.*
ann' *dobh.* 1. *Dá mbeadh ~ arís* 20, dá mbeadh breith ar an rud atá tarlaitha a chur ar ceal. 2. *Déan ~! 32, déan amhlaidh.* 3. *Meall crua mar a d'fheicfeá caile ~ 19.*
ann' *In ~ /ə nan/. Ní raibh sé in ~ a ghoil ar an oileán* 19, ní ligfeadh an aimsir (dúinn) dul ar an oileán. *Níl an lá in ~ rud ar bith a dhéanamh* 33.
anó *f.* 1. *Teach an ~ 20*, teach an choirp. 2. *Anóchaí (iol.) 33*, salchar ar eireaball na bó tar éis a dortha. *Tá ~ uirthi* 19, stuf bán faoina eireaball nuair a chaillfeadh sí an dáir.
anoidhe /anai/ (*b?*). Drochíde. *Níor chuir sé aon ~ ar aonduine ariamh* 32. *Duine nach gcuirfeadh aon ~ ar aonduine* 32.
anoir *dobh.* 1. *Ar ghabh ~ ná aniar*, rud ar bith, duine ar bith. *Ní shásóch a[r] gho 'noir ná 'n iar é* 24, ní shásóch duine ar bith é (le duine colgach achrannach). . . *nach mbaineadh a[r] ghabh 'noir ná 'n iar ceart dhaof* 24. *Deir siad nach dtiúrach a[r] ghabh ~ nó 'n iar a shá oibre dó* 24. 2. . . . *a' geala a chua ~ is chua 'n iar má hugann tú do vóta dhaof an lá sin* 24 *bladaire. . . gach aon rud.* 3. *Ní choinneadh an noir ná 'n iar é gan a ghoil abhaile* 24 *leasátonn.*
anonn *dobh.* 1. *Níor airridh mé ag éinne air a mbaile ach ceathru anónn is cearu anáil dó* 27.769, . . . corcheathrú. 2. *Tóigeann ~, glacann seilbh air ó dhuine. Deir siad go raibh sé briste ionntu [sna tithe a thóg sé] agus gur thóg an banc ~ iad* 27.869. *Sa chéad choga mór bhí an áit sin air fad tóigith ~ aig arm Shasana* 27.857.
anracht /anræxt/ *b.* Anó ocras. *Chuaigh an ~ mhór thráina chroí* 20.
anrán. Anró. (Sa leag.) *Scéal fada ar an ~ 31.*
anró *f.* Cruatan. *Fuair sé ~ capaill uaidh* 20, . . .

an-anró. *Bhí ~ na gcapaill air* 20.

an-rud *f.* 1. An-cheanuil. *Bhí feirm tí as a' mbaile a ra na Blácaí ~ leof* 24 *iascaire. Bhí sé ~ leis* 20. 2. An-chion. *Bhí ~ aige* orm 20.

anseó *dobh.* (Le cúrsaí ama atá cóngarach). . . *iad sin a maratodh ~ i mbliana* 20 . . . an bhliain seo. *Nach raibh sé thuas i mBleá Cliath ~ anura* 20. *Bhí sé ~ uair i nCailimh is capall is carr aige* 20. *Bhí sé uair amháin tamall ó shin ~ san Earrach* 20, san Earrach seo caite.

ansíod *dobhr.* Ansiúd. *Bhí an ouin an síod acu* 24 *dbhar.*

anti-christ /an'tə kraɪjt/ *f.* 1. Bithiúnach 20. 2. Rud uafásach dochrach. *An t~ de chabhansail sin!* 19. *Na h~eachaí sin de theilífisean!* 19.

antalach *aid.* Amplach, santach 20.

anuas *dobh.* *D'éirigh fear a' tí ~ 19 d'éirigh . . . agus tháinig anuas an staghre. Nach maith a cheannaigh sibh ~ é* 19, nach maith a shaothraigh sibh an t-aistear anuas.

aobh, (*iol.*) **aobhaí** 19; **aobha** (*iol.* gan aon uath. 20). *Ae.*

aobheall *f.* Ríméad, gliondar. *Nach orm a bhí an t~ 20. Bhí ~ uirthi* 20. *Bhí ~ ar a chroí* 20.

aobheallach *aid.* Ríméadach, gliondrach. *Bhí mé chomh h~!* 20.

aobhneach *aid.* Aoibhinn. *Í a' cuir dhuiche go h~ air chraobh crainn* 27.1422.

aoileach *f.* ~ *na Bealtaine*, an t-aoileach a bheadh á scaradh faoi Bhealtaine. *B'fhéidir go bhfaighfeá in ~ na Bealtaine é* 19 (focal magúil a déarfai le duine a bheadh ag cuartú rud a cailleadh). *Gheobhaidh tú in ~ na Bealtaine é* 19.

aois *b.* 1. *Tá ~ na cailli Béara aige sin* 19, tá aois ammhóir aici. (*Seacht gcéad agus seacht lá a bhí aici* 19). *Tá ~ Mhrocha is Mheanachair acub sin* 20, . . . an-aois. *Tá sé ag goil in ~ na hóige* 20, tá sé [fear meán-aosta] ag breathnú go hóigeanta. *Ní fhaca mé thú le ~ chapall na muintire* 20, le fada. *Le aois mada* 20, íd. *Níl ~ ná aimsir fós air* 20, níl cuma na haoise fós air. 2. *Cén ~ an oíche?* 20, *cén t-am den oíche é?* 3. *Daoine aosta. Sin é an uair bhíonnas a' chainnt go háirithe ag an ~ air na Nollaiceachaí a chonaic siad . . . 24 Nollaig.*

aon *f.* Duine. 1. *Críostaí an aoin ghil. . . an aoin fionn, duine ar bith. . . gan críostaí an éun ghil le feiceáil* 24 *ceol. Ní raibh críostaí an éin ghil ina dhiaidh* 27.24. *Críostaí an éan fionn ní ra na dé* [= na diaidh] 24 *galar dubh.* 2. (a) *Ní raibh neach an aoin bheo ann* 20, ní raibh duine ar bith ann. (b) *Chuire mhad an aoin acub* 20, gach duine acu. (*aoin /e:n/ sna samplaí sin ar fad.*)

aonach *f.* 1. *Lá tar éis an aonaigh*, nuair atá sé rómhall. *Tá sé a goil á dhéanamh lá théis an aonaigh* 20. 2. *Dá dtugadh sé un an aonaigh é, ní thiúrfadh sé abhaile gan díol é, agus ní le grá dó é* 19 (focal a deirtear á chur in iúl go mbeadh an ghráin aige air). 3. *Fear (bean) ó ~, 'mo dhuine'* (focal a deirtear nuair nach bhfeilfeadh sé ainm an té atá i gceist a lua sa chomhluadar). *Meas tú a ndeachaigh fear ó ~ go Carna inniu?* 19. *Ar chuala*

amparán *f.* Bean a bhfuil an bhrí cailte aici de thoradh trioblóide, tógáil clainne, etc. 24.

ampla *b.* Saint. Éirigh amach agus cuir giota na h-héin 20, giota beag (prátaf) a shásódh do dhúil amplach iontu.

amplachán *f.* Ainmí amplach. *Is iomaí muic a bheathu mé . . . ach sin iad na hamplacháin is mó a casu orm ariamh* 24.

amplúch *aid.* Amplach 20, 19.

amú *dobh.* 1. Aineolach. *Tá mé ~ cén fá ar tugú an t-ainm sin air* 27.286. *Níor chuala mé aríomh go raibh a leithide ann agus atá mé ~ ag an ainm* 27.261, . . . agus ní thuigim cén t-údar atá leis an ainm. *Bhí na daoine amach sa mach ~ cén fá a raibh sé dá dhéanamh* 27.492. *Tá chuile dhuine ~ cé thóig í* 27.501. *Nár theighe an tsúil sin ~ ort!* 20, go bhfaighe tú an rud sin a bhfuil súil agat leis.

amuigh *dobh.* 1. As baile, thar lear. *'Hainic sí ar cuairt aguinn . . . réis bliain agus dhá fhichead a chatha mui' [i Meireacá]* 27.7. 2. Amuigh air, ag brath ar, ag súil le, ag tarraigh. *Bean óg a bhíodh amui air phósadh fadó, d'ímíodh sí le fear* 27.162. *Ní amui air ghrúchan atá muid* 27.220. *Tá sí amui air an údar fháil, sin é eile bhfuil a' cuir imrí 24 údar.* 3. (Le hathrá) *Tá sé ~ ansin ~ sa seomra* 20.

an *alt.* (Le ain. teib. + mór) *Bhí an cleachtadh mór agam orthu* 27.1063, . . . an-chleachtadh. *Bhí an t-eolas mór a'm ar an bpobal sin tráth den tsaol* 19. *Bhí an ghoin mhór air* 24 arán. . . . *bhí an faitíos mór orthu gur aithne Páruic iad* 27.1073. *Tá an cur mór déanta agabh* 20.

an-réim *treise.* 1. (Leis an alt) (a) (Le ain. f.) *Bhí an t-an-tinneas air* 20. (b) (Le ain. b.) *Bhí an t-an-oíche againn* 20. *An t-an-bháisteach* 20. (c) (I ndiaidh réamh.) *Caithfidh sé go bhfuil siad sa t-an-airde* 20. (d) (Sa ngin.) *A' fáil an t-an-aois* 20. (e) (Le iol.) *Bhíodh an t-an-oícheantaí ann* 20. . . . *na t-an-oícheantaí* 20. *na t-an-pheacaí* 31. *An t-an-phaidreachaí* 31. *Bhí na h-an-scéalta aige* 19. 2. *Tá ina an-. Bhí sé [i] n[á] an-daimhseoir* 19. *Bhíodar ina n-an-fhíil* 19. *Beidh sí ina h-an-scoil* 32. 3. (Roimh dhobh.) *An-deabhaltach mór* 20. 4. (Roimh réamh.) *Bhí sé an-i-geist fadó* 20.

ana *b.* 1. Tréimhe aimsire breá. ~ na Féile Michíl, ~ na Samhna 19, 20. ~ bheag na Samhn(a) 20. ~ na Féile Páraic 20. ~ na bhfóthadán 19, aimsir mhaith tús Mheán Fómhair nuair a bhíonn an síol á shéideadh de na fóthadán. 2. Féile. *Teagann focal do pháiste le ~ 20. Níl aon ~ sa mbliain nach bhfeabhsóidh a chuid cainte* 20. (Cf. *Tagann focal do pháiste le féile* 20).

anabái *aid.* An-mhór. *Bhí méid ~ ann* 20. *Beithíoch ~ 20.*

anachain *b.* Tubaiste. *I bhfad uainn an urchóid agus an ~!* 20. *Tá uair na h~ ann* 20, tá an tubaiste i ndán ag uair áirithe. *Go sábhála Dia ar uair na h~ muid* 19. *Ní ag comhairleamh na hanachan é* 20, ~ focal a déarfai tar éis timpiste nó cailliúint a lua.

anaí *iol.* 1. *Hug muid na hannaí woe air éigin* 27.62, d'éalaigh muid slán uaidh ar éigin. *Mar b'fhíos aige go maith nach rabh ann ach go dtug sé na h~ woe*

24 muineál. . . . *go raibh orm na hannaí a thabhairt woe nó go mbeidhinn shíos leis na fiacha* 27.324. *Thug muid na h~ uatha* 24. 2. . . . *ach rithe agus é a thóirt faoi na hannaí go ra muid as duais* 24, rith agus é a thabhairt do na boinn . . .

anáil /una:l'/ *b.* 1. Drochthionchar. *Marach ~ duine eicint eile bheith scaoilte faoi* 20. . . . *go ndeacha ~ eicint faoi* 20. ~ ghabhair. *Bhí ~ ghabhair iontab [i slata sailí]* 20, bhíodar fabhtach toisc gur theagbhaigh gabhar leo, á n-ithe. 3. *Thiúrfadh sé ~ dhuit* 20, . . . cairde le fiacha a ioc.

análach /una:ləx/ *aid.* Fad-análach i gcúrsaí rásaíochta nó oibre. *Siad is unáilá dhá bhfaca mé fós* 24. *B'iad a ceathar fear a mbád iad b'undlaí a rug air mhaide rámh ariabh* 24.

anam *f.* 1. (Le faitíos). *Bhí an t~ a goil aniar in a mbéul* 24 ceanglaíonn, bhí faitíos ar geróí orainn . . . *ag cur a anama amach thar a bhéul* 20, an-fhaiteach. *Faitíos m'anama* 20. *Bhí m'~ ag goil amach thar mo bhéal le teann faitís* 20. 2. (Le saothar, le traochadh). *Tá chuile fheiliméar a muinín anama sa mí sin* 24, ag obair ar a dhícheall. *Bhí mé ritheach go brách go raibh bun m'anama amuigh* 20. *Tháinic sé is bun a anama amuigh* 20. 3. (Le treise). *Tá dúil an anama aige ann* 20, . . . an-dúil. 4. *Bhí ~ céad fear aige ina phóca* 19, bhí bás nó beatha céad fear ag brath air. *Beidh t'~ orm!* 20, maróidh mé thú! *'Tá m'~ ort, a bhean' a deir sé* 24 ólann, is tú is cúis le mo bhás. *Dhúin blas ann ach gur chaith Dia an t~ leis an dream atá anois ann* 19, . . . ach go bhfuil an dream beo ar éigean. 5. *Go h~. Tá luach go h~ air bheithí a chuile cheárta gon tír anois* 24 luach, tá luach anmhór . . . *Ghabhfadh sé air go h~* ~ 20, bheadh sé ag imirt a h go dona. *Chuir sé a chois go h~ ann* 20. *Bhí an phian go dona, bhí sé ag goil go h~ ionam* 20.

anastach *aid.* 1. Fíormhór. *Cloch ~ 20. Nach ~ go deo an duine é* 20. *Carr ~ féir* 20. *Is ~ an t-ualach móna é* 20. 2. Stoirmiúil. *Aimsir ~ 20.*

ancaire *f.* 1. É [an t-asal] a chur ar ~ 19, é a cheangal sa ngarraí. 2. Fear mór láidir. *Sé an t~ d'fhear é* 20, 3. *Tá tú ansin ar ~ 19*, i do shuí in aon áit amháin le tamall gan corraí.

ancard *f.* Tancard (soitheach beag adhmaid). . . . *ag tarraint ancárd bhainne isteach Gaillimh* 20.

anchaio *b.* Ag obair ar ~ 20, ag obair le drochdheis, nó le linn droch-aimsire.

angailt *b.* ~ dhearg 19, péist thalún. (agailt 20).

angar *f.* 1. Tubaiste, anró. *Is é a tharraing i mbealach an angair mé* 32. *Chuaigh sé i mbealach an angair leis* 32. 2. Béal bocht, sprionlathacht. *Tá sé ite ag an ~ 20. Bíonn sí i gcónaí ag caoineadh leis an ~ 20.* 3. *Bun an angair*, buaic an díchill. *Tá sé [i] mbun an angair aig [chuig] an áit anois . . . 24, tá an-dúil aige ann, tá a dhícheall'á dhéanamh aige lena fháil. Ní raibh siad i mbun an angair ag a' tala, ~ sin nach rabh leath suim acu é a chean-nacht* 24. *Ní raibh muid bun an angair sa siúl* 20. *Ná bígí bun an angair leis* 20.

anglánta *aid.* Cantalach, achrannach. *Chomh h ~ le dris* 20.

anglóir *f.* Anglán. ~ *salach* é 20. (*anglán* freisin 20).

aniar *dobh.* 1. *Dhúisigh na fir ~ 19*, dhúisigh agus shuigh aniar sa leaba. 2. *B'fhéidir gur ~ amach in áit eicint* é 20, . . . as áit i bhfad siar. 3. *Bhuail sé cic ~ sa tóin air* 19. 4. *Tá súil ~ aduaidh ann* 20, tá súil cham ann. 5. *Teacht ~, feabhsú. . . ach gur mó is fú má chuaigh áit siar go dtáinig an áit eile* ~ 27.1486. 6. *Rud a choinneáil ~, caoi mhaith a choinneáil ar rud. Tá mé ag iarra a bhe a' coinnéáil a' tí ~ . . . , 24 sv. coinníonn. . . an chaoi is féidir l'oe an tí a choinneáil ~ 24 molann. . . gur tú tá a coinnéáil a' tí 'niar agus meireach thú go n-imeóch sén* [sé chun] *fudair* 24.

aníos *dobh.* *Is cuimhneach liom an áit seo nuair nach raibh teach ar bith ~ ann* 20. *Níl deoir ~ ná anuas ann* 32 - le teach tirim.

anlanc *b.* (Sean) tuama 19.

anlann *f.* Déan ~ *leis* 20, ná hith ach beagán de.

anmhaidin *b.* Fíormhoc na maidine. *Bhí tú do shuí san ~ 19.*

an-mhairíoch *aid.* An-aireach i do thaobh féin. ~ 19. (*An-mharach* freisin 19). Cf. *ollmhairéach.*

anmhéid /'anv'e:d'/ (*n* leathan). Méid ollmhór. *Tá sé san ~ 20. Chuaigh sé san ~ 20.*

ann *dobh.* 1. *Dá mbeadh ~ arís* 20, dá mbeadh breith ar an rud atá tarlaidhe a chur ar ceal. 2. *Déan ~! 32, déan amhlaidh.* 3. *Meall cruá mar a d'fheicfeá cailc ~ 19.*

ann². In ~ /ə nan/. *Ní raibh sé in ~ a ghoil ar an oileán* 19, ní ligfeadh an aimsir (dúinn) dul ar an oileán. *Níl an lá in ~ rud ar bith a dhéanamh* 33.

anó *f.* 1. *Teach an ~ 20*, teach an choirp. 2. *Anóchaí* (*iol.*) 33, salchar ar eireaball na bó tar éis a dortha. *Tá ~ uirthi* 19, stuf bán faoina eireaball nuair a chaillfeadh sí an dáir.

anoidhe /'anai/ (b?). Drochíde. *Níor chuir sé aon ~ ar aonduine ariamh* 32. *Duine nach gcuirfeadh aon ~ ar aonduine* 32.

anoir *dobh.* 1. *Ar ghabh ~ ná aniar*, rud ar bith, duine ar bith. *Ní shásóch a[r] gho 'noir ná 'niar* é 24, ní shásóch duine ar bith é (le duine colgach achrannach). . . *nach mbaineadh a[r] ghabh 'noir ná 'niar ceart dhaof* 24. *Deir siad nach dtúirach a[r] ghabh ~ nó 'niar a shá oibre dó* 24. . . . *a' geala a chua ~ is chua 'niar má hugann tú do vóta dhaof an lá sin* 24 *bladaire*, . . . gach aon rud. 3. *Ní choinneóch an noir ná 'niar é gan a ghoil abhaile* 24 *leasaíonn*.

anonn *dobh.* 1. *Níor airridh mé ag éinne air a mbaile ach ceathru anónn is cearu anáil dó* 27.769, . . . *corrcheathrú.* 2. *Tóigeann ~, glacann seilbh air ó dhuine. Deir siad go raibh sé briste ionntu* [sna tithe a thóg sé] *agus gur thóg an banc ~ iad* 27.869. *Sa chéad choga mór bhí an áit sin air fad tóigith ~ aig arm Shasana* 27.857.

anracht /an'ræxt/ *b.* Anó ocrais. *Chuaigh an ~ mhór thraína chroí* 20.

anrán. Anró. (Sa leag.) *Scéal fada ar an ~ 31.*

anró *f.* Cruatan. *Fuair sé ~ capaill uaidh* 20, . . .

an-anró. Bhí ~ na gcapall air 20.

an-rud *f.* 1. An-cheanúil. *Bhí feirm tí as a' mbaile a ra na Blácaí ~ leof* 24 *iascrae. Bhí sé ~ leis* 20. 2. An-chion. *Bhí ~ aige* orm 20.

anseo *dobh.* (Le cúrsaí ama atá cóngarach). . . *iad sin a maraíodh ~ i mbliana* 20 . . . an bhliain seo. *Nach raibh sé thuas i mBleá Cliaith ~ anura* 20. *Bhí sé ~ uair i nGaillimh is capall is carr aige* 20. *Bhí sé uair amháin tamall ó shin ~ san Earrach* 20, san Earrach seo caite.

ansíod *dobhr.* Ansiúd. *Bhí an ouin an síod acu* 24 *ábhair*.

anti-christ /an'tə kraist/ *f.* 1. Bithiúnach 20. 2. Rud uafásach dochrach. *An t-~ de chabhansail sin!* 19. *Na h-~eachaí sin de theilifisean!* 19.

antalach *aid.* Amplach, santach 20.

anuas *dobh.* *D'éirigh fear a' tí ~ 19 d'éirigh . . . agus tháinig anuas an staighre. Nach maith a cheannaigh sibh ~ é* 19, nach maith a shaothraigh sibh an t-aistear anuas.

aobh, (*iol.*) **aobhaí** 19; **aobha** (*iol.* gan aon *uath.*) 20). *Ae.*

aobheall *f.* Rímeád, gliondar. *Nach orm a bhí an t-~ 20. Bhí ~ ar a chroí* 20.

aobheallach *aid.* Rímeádach, gliondrach. *Bhí mé chomh h-~!* 20.

aobhneach *aid.* Aoibhinn. *Í a' cuir dhuiche go h-~ air chraobh crainn* 27.1422.

aoileach *f.* ~ *na Bealtaine*, an t-aoileach a bheadh á scaradh faoi Bhealtaine. *B'fhéidir go bhfaighfeá in ~ na Bealtaine é* 19 (focal magúil a déarfaí le duine a bheadh ag cuartú rud a cailleadh). *Gheobhaidh tú in ~ na Bealtaine é* 19.

aois *b.* 1. *Tá ~ na caillí Béara aige sin* 19, tá aois anmhór aici. (*Seacht gcéad agus seacht lá a bhí aici* 19). *Tá ~ Mhrocha is Mheanachair acub sin* 20, . . . an-aois. *Tá sé ag goil in ~ na hóige* 20, tá sé [[fear meán-aosta] ag breathnú go hóigeanta. *Ní fhaca mé thú le ~ chapall na muintire* 20, le fada. *Le aois madá* 20, id. *Níl ~ ná aimsir fós air* 20, níl cuma na haoise fós air. 2. *Cén ~ an oíche?* 20, cén t-am den oíche é? 3. Daoine aosta. *Sin é an uair bhíonnas a' chainnt go háirithe ag an ~ air na Nollaiceachaí a chonaic siad . . . 24 Nollaig.*

aoin *f.* Duine. 1. *Críostaí an aoin ghil, . . . an aoin fionn*, duine ar bith. . . . *gan críostaí an éun ghil le feiceáil* 24 *ceol. Ní raibh críostaí an éin ghil ina dhiaidh* 27.24. *Críostaí an éan fionn ní ra na dé* [= na diaidh] 24 *gar dubh*. 2. (a) *Ní raibh neach an aoin bheo ann* 20, ní raibh duine ar bith ann. (b) *Chuille mhac an aoin acub* 20, gach duine acu. (*aoin* /e:n'/ sna samplaí sin ar fad.)

aonach *f.* 1. *Lá tar éis an aonaigh*, nuair atá sé rómhall. *Tá sé a goil á dhéanamh lá théis an aonaigh* 20. 2. *Dá dtugadh sé un an aonaigh é, ní thiúrfadh sé abhaile gan díol é, agus ní le grá dó é* 19 (focal a deirtear á chur in iúl go mbeadh an ghráin aige air). 3. *Fear* (*bean*) ó ~, 'mo dhuine' (focal a deirtear nuair nach bhfeilfeadh sé aimm an té atá i gceist a lua sa chomhlúadar). *Meas tú a ndeachaigh fear ó ~ go Carna inniu?* 19. *Ar chuala*

tú faoin mbean ó ~? 19. Céard a bhí an fear ó ~ a rá leat? 19.

aonbhord /e:nwaurd/ f. *Bhí sé* [an t-aistear] *aníos ar ~ agáinn* 19, ní raibh orainn aon tornáil a dhéanamh. *Gaoth aonbhoird* 19, gaoth a ligfeadh don bhádóir seoladh gan tornáil.

aoncheird b. *D'*~, d'aon-ghnó. *Is é chaoi ndearna sé d'* ~ é 32. *A' píocadh as d'* ~ 20. *In ~, id. Rinne sé in ~* é 19.

aonchoise g. *mar aid. Feamainn ~* 19, feamainn dhubb atá dhá bhliain ag fás, aon chos láidir amháin fúithi, bílleoga go leor uirthi.

aon déag uimh. 1. . . . *á* [beithigh] *scaoileadh i mbéul in h-aon-éag* 24 *béal, á* scaoileadh rómpu i mbéal a geinn ar an mbóthar. *Dá seóla isteach air a' bpáirc iad agus gan a bhe dhá bhfágáil i mbéal a haon-éag air na bóithre ní éireóch sé dhui* 24 *béal.*

2. Ar bhéal in airde, ar oscailt. *Is minic a' deirin é faoi bhean a theigheadh a[r] cuairt agus nár bhfú léi a' doras a dhuineadh na diaidh ach a' fágáil a' tí a mbéal a haoineag nó go dtagadh sí ríst* 27.1438.

aonlá f. 1. *Déanaigil an t-~ dhó, idir choirce is féar* 20, cuir isteach iad in aon lá. 2. *Déanfaidh siad an t-~ dhó* [de dhuine] 20, buailfidh siad go dona é, cniogfaidh siad é.

aonraiceach *aid.* Aonraic. *B'fheárr liom a bhe ~ go lá mo bháis . . . ná thú go mo phósadh le bain-treach* 24 *pósann.* Déantar gleó mór nuair a bristear isteach i dteach fear nó bean ~ 24. *Bhí an píobaire aonriceach ina súile cho h-íontach is á mbeadh siad ar fad a' seinim* 24 *píobaire.*

aonraiceach *f.* Duine aonraic. *A' bhean bhocht, dheamhan mórán sógh ná compóirt a bhí aici na h- air fea a saoil* 24

aonráithe b. *Bheadh sí* [bó] *ar ~* 20, bheadh sí ag tosáil ar an ráithe dheiridh den ionlaos.

aonséal f. *Ar ~, ar aon fhocal. Sfh. Beirt ag troid is iad ar ~* 20.

aontíos f. *Lóistín. Hárla dhó uair eile a rabh sé i mbaile ~ na hof a iarra i dteach* 24 *naomh.*

aoscach b. Naosc. *Éan crua scufánta an íoscach* 24 *naoscach.* Ag catha le íoscach . . . 24 *naoscach.* Go leor íoscachaí 24 *naoscach.* Thug sé cor mar an íoscach 24 *naoscach,* chor sé an-sciobtha.

aothamh /i:w/ f. Suaimhneas. *Ní bhfuair mé ~ go maidin* 20. *Ní raibh sé ag tabhairt aoithimh ná suimnis dó* 20. *Ffr. iamh.*

ar /er/ réamh. 1. (a) (Le am atá le caitheamh). *Tá sí ~ dhá mhí anois* 20, tá dhá mhí le caitheamh fós aici go mbéarfaidh sí. (b) *Beidh seachtain nó coicís eile ~ an gcuach sula dtiocfaidh sí* 19. *Bhí an t-imeacht air* 19, bhí sé i ndán dó bás a fháil. *Tá báisteacht air* 20, . . . le teacht. *Ar bháisteacht a bhí sé* [eruciar] *ag ceol* 19, is ag fógairt báistí . . . 2. (Le a. teib.) *Is ar a hairde* 20, tá sí [bin] beagán róard. *Ar a bhfóideacht* 20. *Ar a thanaíochta* 20. 3. Le linn. *Cé raibh sib ar an múr?* 20. *Tá sí ar a cailleadh* 20, tá sí ar tí báis. *Cailiú air a' gcearú cúram nach mhair* í 27.363. . . . *cailiú air an infon* í 27.345, . . . le linn breithe na hiníne. *Tá sí leath aimsire ar lao* 40, . . . ag iompar lao. 4. *Sin é portach atá éasca*

ar a bhaint 20. *B'fhoide ar sheacht bpunt an uair sin ná ar sheacht bpunt fhichead anois* 20. . . . *anghrinn ar go leor rudaí* 19. 5. (Cuspóir ag a. br.) *Tá socrú áithrid air* 20, tá modh áirithe lena shocrú. *Bhí cead caite orthab* 19, bhí cead iad a chaitheamh. *Níl agam ach cloistéal agam air* 20. 6. *Ag plé le, ar siúl ag.* 'Féach siar a' saingint' a deir sé. 'Caddós 'saingint' sin ort' a deir fear, 'caith uait do chuid amadántacht' 27.1282. *Cén chaint sin ort?* 20. *Air bha bainne a fua an triúr* 27.932. *Cé bheidheas in aghaidh Ghaille ar na camáin . . . ?* 24 *aghaidh, sa chluiche iomána.* 7. (Le staid, le ain. teib.) *Óf Shairn a bhí inntí agus bhí sí air áileacht* 27.973. *Hainig tráthnóna air bhreátha* 27.1249. 8. *Tá dhá lá ar an Domhnach* 20, tá pá dhá lá as obair an Domhnaigh.

arách *f.* *Ar éigin is ar ~, ar éigin Dé. Air éigin is air ~ a bhain sén bhruach amach* 27.1429. *Ar éigin is ar ~ a rinniú é* 24. *Ar éigin agus ar ~ a rug sé air* 24. *Air éigin agus air édrach a hug muid na hanai wof* 24 *bullán.*

arách *f.* Troid. *Bheach sé an* [ina] ~ *eidir a' péire* 24.

aragán f. *Glaó (go háirithe ag an gcoileach). Níodh an colleach trí ~* 19. . . . *an chéad ~ blaoite acub* 19. (Le duine) *Tá trí ~ déanta a'm ort* 19.

Árainneach *aid./ain.* Duine as Árainn, ag baint le hÁrainn. *Focal ~* 19. *Árainneachaí* 19, 20.

áraisteach *aid.* Teann neamhnáireach ag iarratas. *Nach é a bhí ~!* 20.

arán /ə'ran / /ra:n/ *f.* 1. *Níor bhris sí an t-~ ariamh aon bhean ab fhearr ná í* 19. 2. *Cruachás, sáinn (le te nó oic). . . . gurb olc a' t-~ a mbeithéad ann nuair a bheithéa i sáinn aig tarbh* 27.1191. *Hug mé faoi deara go math an drochshúil a cathadh orm go mba te a' t-~ a dtainic mé ann* 24 *solathratonn.* *Bhí babhta ann a raibh mise in ~ te aig a chuid gadhar* 27.698. *'Is te a t-~' a deir fear, 'a bhfuil fir óga na hÉireann ann'* 24 *glanann.* *Ba teótha an t-~ go mór a raibh an giorraí ann* 27.1314. 3. *Achrann. Nuair a d'aire sé an t-~ ag éirí te, ghread sé leis i ngan fhios* 27.780. . . . *nuair a d'airridh siad a t-~ ag éirigh te, thosa siad aig sleonu abhaile go deas i nganfhiós* 27.187.

arann f. Neart, brí. *Bhain tú an t-~ as* [an bhfuise] 24. *Cuire sí siúd arran iontu mar Brustó sí iad a' díona chuile rud* 24 *brostaíonn.* *Neadracháí meacha nach mbeadh leath arran mór a bith ionntu* 24 *nead meach.*

araoid b. *Cur isteach. Ní raibh a fhios agam gur chuir siad* [francaigh] ~ *ar na meaingils* 20, . . . *gur thug siad faoina n-ithe. Níor chuir sé ~ fhéin orthu* [ar bharranna na bhfataí] 20.

áras f. Teach. 1. *Fear tí agus árais* 20, fear a bhfuil cúram teaghlaigh air. (Ag teacht isteach i dteach deirtear) *Dia san ~* 20, *Go mbeannaí Dia san ~* 20. *Níor thaobhaigh mé teach ná ~ ó mhaidín* 19, níor fhíll mé ar mo bhaile ó d'fhág mé ar maidín é. 2. (Le dul faoi na gréine) *B'shin í an pháí a d'fhách siad san am agus ní air an oiread seo uaireanta é ach go dtóech a' ghrian a' brú air a hárus* 27.1497.

Mar deireach na sean ndaoine 'bhí an ghrian ina h~ in uair sin' 27.667.

arc : tarc.

arcadán f. Arc. 1. Duine beag nár fhás. *Táilíur a bhí ann agus ní raibh ann ach ~ beag* 27.1268. *Níl ann ach ~, ach níl aon dul amú air* 27.1041. 2. Beithíoch nár fhás. . . . *gan ins a' tarbh ach cineál ~ é féin* 24 bodóg. 3. Crann nár fhás. "'Rinne siad arcadáin' a déaras duine le aon chineál crainn a fhásann air dhroch mhulach nach bhfuil aon chuir leis ann. Cuireann siad géagáin bheaga go leór amach an-íachtarach agus ní éiríonn siad árd chor a bith" 24.

ard aid. 1. Cho hárd le bárr a' Teampaíl Mhóir 24, . . . le ballaí an phríosúin 24, . . . le Clogás Chill Uí Cuach 31, . . . le crann soithigh 20. 2. Starránach. *Súile móra boga árd* 19. *Fiacla arda* 20. (Cf. **ardbhruasach**, **ardfhiacra**.) 3. *Tá sé go h~ as cionn fiche bliain ó tháinig tú anseo* 20, *tá sé go mór . . . Tá sé deich míle go h~ as seo go Gaillimh* 20, *tá sé deich míle agus tuilleadh . . .*

ardaíonn br. 1. Téann nó tagann isteach i dteach ar cuairt. *Sin é an uair a d'ardaigh mé féin* 20. *Bhí súil a'm go n-ardóidh sé* 20. 2. Goideann. *Bhí caille [cailleadh] shíol Éabha oru ag árdú leofa chuile shórt* 24. 3. Éirí níos measa. *Réis a' suimreas a fuair sé le roinnt laenta ó na pianta atá siad ag árdú air aríst* 24. 4. *Sé'n caoi ar ardaigh an ceann orthab* 20, . . . ar imigh siad as a gcéill. *Tagann árdú air scaití* 20, *imíonn sé as a chéill scaití*. 5. *Ardóidh an oíche* 20, *tiocfaidh sé chun stoirme*. 6. Daoirsíonn. *D'ardaigh sé na gliomaigh* 33. 7. *D'ardaigh sé leis féin* 20, *d'imigh sé leis*.

ardbhruasach aid. Le liopaí móra starránacha. *Fear ~* 20.

ardchíos f. Smacht, buannaíocht. *Tá ~ a'd orm* 19 (le duine a bheadh ag iarraidh ort rudaí a dhéanamh dó). *Nach a'd atá an t~ orm!* 19.

ardfhiacra b. iol. Starrfhiacra 20.

ard-intinniúil aid. Sochorraithe chun feirge 20. *Réis chomh hárd-intinniúil is a bhí Johnny bhí an tamheas i nGaille na dhiaidh sin air* 27.804. [**ard-intinneach** 19.]

ardléin (?) (In amhráin) . . . *'mar tá bónaí ard air is cufá ~'* 20. . . . *jackéad gon ~* 20.

ardmhaidín b. Maidín dheireanach. *Fua mé a' breamú air chúpla beithíoch a bhí air thalamh an tí mhóir san árdmhaidín . . .* 27.860.

ardréim b. In ~, go mór sa bhfaisean. *Sin é an cineál éadach atá in ~ anois* 20.

ardrí f. Dia. . . . *Catha sé gur le toil agus cúna an Árd-Rí é* 24 *gealbhán*.

ardsoch f. An togha. *B'iad an t~ iad* 20.

ardthráthnóna f. Go deireanach tráthnóna, ach an solas a bheith fós ann 19.

argaint b. Greasáil bhuaile. *Bhuail sé ~ air* [ar dhuine] 20. ~ *a bhualadh air* [ar choice a bheifí a ghearradh] 20. ~ *bhuailte* 20.

argáint b. Argóint. ~ *chainte* 19.

argáinteacht, argainteacht b. Argóint. *Ag argáinteacht le chéile* 20. *Ag argáinteacht* 20.

ariamh dobh. Riamh. *Is minic ~ . . .* 19, *is minic agus le fada*.

aríst dobh. 1. Am éigin ó shin. *Ba cheart dá chlann a bheith pósta ~* 19. 2. ~ *i mbliana*, don chuid eile den bhliain. *Tá a chuid maitheasa déanta ~ i mbliana* 20. *A. Bhfuil deireadh leis an obair*. *B. Tá agus ~ i mbliana* 20. 3. ~ *ar ais*, chomh maith leis sin, os a choinne sin. *Ríst ar ais bhí Laighléis eile ina gcónaithe i gceann eile gon bhaile* 27.1. ~ *ar ais b'fhéidir nach fiú dul ann* 20.

Aristotle /aríʃˈdɑːl/ a. díl. *Bhuail sé ~ na leabhar amach le foghlaim* 24 *leabhar*. *Ffr. harai*.

ársalonn : áirsíonn.

artha b. Ortha. ~ *an tacht*a, ~ *an rua*, ~ *na ndoightheacha fiacail*, ~ *an dearmaid*, ~ *an tinnis cinn*, ~ *na drochshúile*, ~ *na mbramannaí* 19; ~ *na luchain*, ~ *an dul amú*, ~ *an ghrá* 20. ~ [auré] *an chéithín* 31, (le dúradán a bhaint as an tsúil).

as réamh. 1. Le, in éineacht le. *Báisteach as gaoth aniar adua* 20. *Shéid sé as gaoth anois* 20. *Bhíodh sioc as gaoth anoir ann* 20. 2. De bharr, le teann. *As dúshlán a rinne sé é* 20. *As timpiste* 20. *Thosaigh siad as neart a' gaoch* 27.1354. 3. *Tá braon as anois* 19, *tá braon báistí á chur*. *As a theas*, agus é (an-) te. *Tabhair dó as a theas é* [deoch] 20. 4. *Cé as a bhfuil sib ag feadaí?* 32, *cén an duine a bhfuil sibh ag feadaí faoi*. 5. *Hainic sí* [cailín óg] *as agus ní as go dtí é*. *Tá sí in an a ghóil air a bicycle fós a coinne an tseanphinsin* 24 *uisce tobair*, tháinic sé as [tinnéas] go híontach. 6. *Dobhr. A. Bhfuil sé ag báisteach?* *B. Is beag as* 20, *is beag nach bhfuil*.

asal f. 1. ~ *Bealtaine*. *Cén fá an ghráig a chuir asut, go géarr le ~ Beáltaine thú* 24 *grág*. *Ní rous againn ach oiread le ~ Beáltaine ciod a bhain dó* 24 *ceol*. 2. *Dhá n-innseofaí don ~ é, bhuailefeadh sé cic ort* 20 (le scéal dochreidte). *Dhá gcloisfeadh an t~ thú, bhuailefeadh sé cic ort* 20, *id. Nach glas é an t~ agus gan é ach seachtain* 19, *ní amadán agat mé, ní chreidim thú*. 3. *Ag baint asail óga* 20, *ag baint fóide móra móna*.

ascaill b. 1. Ualach faoin ascaill. *Ascaill phlandaf a bhí mé a tharraingt as a' gceap le sáth*, 'a bundle of plants . . .' 24. ~ *shlat* 24. 2. (Le gadaíocht) *Bainiu ó'n eascaill é* 24 *éadan*, rugthas air agus é á ghoid. . . . *ach bhí daoine freisin ann ar chuir a t-anró sa cruatan faoi ndeara dhaof rud a d'fheil go géar sa mbaile a chuir faon a n-ascaill* 24 . . . a ghoid. 3. (Le saibhreas) *Tá dab san ~ aige* 20, *tá roinnt mhaith airgid aige*. *Tá seans go bhfuil ~ mhaith aige sin* 20, *id.* 4. *Thug sé aniar ón ~ é* 20, *dúirt sé focal tráthúil a chuaigh i bhfeidhm go maith*. 5. *Garraí an-bheag. Bhí eascaill bheag eile go gharraí isteach leis* 24.

ascallán f. Asclán, giota ('gusset') i mball éadaigh, nó i gclár admhaid 19.

ascar f. Oscar, neart is lúifaireacht. *Tá ~ ann* 20.

ascarthach aid. Lúfar láidir. *Duine breá ~ é* 20.

ata aid. bhr. Tinn tuirseach, bréan, de. *Bhí na daoine ata dhó an fhad is a chathadh sé a' seanmóireacht* 27.231. *Chaith sé bhfad mar sin ach sa*

deireadh bhí an bhean ag éirigh ~ dhó 24 bambairne. D'éire mo chroí mar bhí mé ~ gon lá a' plé le móin 24 brádn. Bhí sé atáí gon obair 24 daor. Choinne siad ag imeacht agus iad atta gon ualach 27.499.

atann. Méadaíonn, borraann. (Le hiontas) *D'at a [ár] súile nuair a chonaic muid a raibh taobh amui gon stór . . . 27.101. Afaidh mé an giall a'd 19, buailfidh mé ar an ngiall thú.*

atar f. 'Otter-board'. *Cá'il a' t-~? 20.*

áth f. Bealach treasna abhann. *Ní dheacha sé i ndomhainn an átha leis 20, níor chuir sé de stróbh air féin tabhairt faoi i gceart, ní dhearna sé a dhícheall leis. Dá dtéadh sé i ndomhainn an átha leis bhainfeadh sé ceart ó 20. Ná teighre i ndomhainn an átha leis 20, ná féach leis ar fhaitíos na bhfáitíos.*

athair f. ~ na mbairnigh 20, an chrosóg mhara.

athbhog f. Bolg an-mhór. *Tá ~ air 20. Bhí ~ amach air 20.*

athbhonn f. An dara bonn. *Tháinic sé [mada] ar ~ 20.*

athcheann f. Mullach coca féir a chaolófaí róluath agus a chaithfí a leathnú arís 20. *Ná bí ag cur ~ air 20. Cf. athmhullach.*

athchromadh f. Cromadh eile. *Rinne sé ~ beag síos 20.*

athchúirt b. Cúirt eile. *Cuireadh go h~ é 20.*

atheolas f. *Tháinic sé ar ~ 20, (a) tháinig sé [an capall] abhaile ón áit strainséartha ar cuireadh ann é; (b) tháinig sé [duine] ar ais arís go dtí áit a bhfuair sé rud maith cheana.*

athgheolbhach f. Athsmig 20.

athlá f. Lá eile. *Déanfaidh muid in ~ é 20.*

athleasaíonn. Leasaíonn an dara huair. *Tá sé athleasaithe ansin a'd 19 (le duine a chuirfeadh subh anuas ar im ar arán).*

athléim b. An dara léim ag tarbh ag dor 20.

athmhullach f. Mullach leathan ar choca féir de bharr caolú róluath. *Tá ~ a'd air 20, . . . gan aon ~ a chuir air 20.*

athrú f. Malairt. *Tá tú a fhágáil anois go h~ lae 20. Ní bheidh mé réidh go h~ saoil 20, . . . go brách. Ní hé a ~ a dúirt é 20. Ní hé a ~ de chosúlacht atá air 20.*

ath-shá a. br. Athchur (plandaí). *Tarraingeó mé na plandaí as a' gceap, tá sé in am iad a ~ 24 tarraingíonn.*

aturnae /ataurne:/ f. 20, 32. *Shf. Is fearr beirt á dhonacht ná aturnae 19.*

B

bá f. *Bhí an áit i m~ 19, 20, bhí sé faoi uisce. Thóig mé sib gan ~, dó ná loisce 19, . . . go cúramach. Na báití allais 20, allas trom. ~ is múchadh ort! 19.*

bab'f. 1. Bob, urla capaill 20. 2. Urlu duine ('bob' a scriobhann 24, ach 'bab' atá sa gcaint aige). (a) *Tá a mbob buailt in chuile áit 24 sáite, tá a ladar sáite i ngach áit. Ach gur bé an bob a bhuaíl a sagart ann a' goil hairis a d'fhág a chaint air 24 rómhraíonn. (b) Bob mullaigh, tarraingt mullaigh a chéile. Háinic mé mullach a' dá bhean agus é in a bhob mullaí acu lár a' bhothair 24 mullach. 3. Carnán beag cruinn. Airgead geal air fad a bhí ins chuile pháig agus bhí sé dhá leagann 'na mbobanna air a' mbour. Shín sé 'nonn a láimh go dtí an bourd agus hug sé bob leis 24 focaíocht. 4. Meall cruinn péisteanna a cheanglófaí le chéile le snáithe caol bán mar bhaioite eascainne. Bob péiste a bhí air a' líne acu 24 eascann. Nuair a bheireann an easgann air a' mbob 24 iascaireacht. 5. Maide beag nó cloch bheag lena gcaitear pingíní san imirt. Ag caitheamh le ~ 20. Buail an ~ agus bí in atféala air 20. 6. Coicín beag féir 24.*

bab' f. ~ sgunail /bab sgunil'/. Cuid den bhád atá faoin 'weather board', amuigh i mball an bháid 19.

babáil a. br. 1. Iascach le bab. 'Bobáil' a tugtaí air an iascaireacht sin 24 eascann. *A mbeadh siad a' ~ air easgana, slat agus 'líne' a bheadh acu ach ní dubhán 24. 2. Ag ~ a chéile 20, ag troid le chéile.*

babálann br. 1. Buailteann isteach i dteach ar cuairt. *Bhobáil mé isteach ann air mo bhealach abhaile 24. . . . bhobáil sé isteach dá fhiafraí 27.457. Air mo*

bhealach bobáilim isteach chuige anois sa ríst 27.459. . . . bhobáil sé isteach sa gceárta bhí i mbéal a' bhaile 24. 2. Siúlann thart go mall réidh. Beidh mé a' bobáil liom ré air [de réir] mo chois . . . 24. . . máireach a' Dónach agus ní bheach fhios agat cé bheach a' bobáil hart . . . 24 falach. . . . luí siar air thóin a' chár agus cead den chapall a bheith a' bobáil leis 27.1501. 3. Bearrann go pointeáilte. Tá sí [capall] babáilte aige 20. Nach í [tuí dín] atá babáilte aige 20. 4. Ag babáil chochlata 20, ag néalfartach. 5. Déanann babanna de (fhéar). . . . bheadh a' féar babáilte roimh a' múr aguinn 24 díol.

babhaiséara f. Duine cainteach ardghlórach, bladhmaire 19.

babhaiséarach b. Roiseadh ard cainte, bladhmán. *Tá sé ag ~ ar an gcaoi sin i gcónaí 19. Nach uabhásach an bhabhaiséarach atá air sin! 19.*

bábhán f. Balla mór ar gharraí, bábhún. . . . na bábháin go bhallaí móra cloch atá hart oru, g'iarra áit a fháil go na clocha seo sea díonú cho hárd iad 24 stócaíl.

babhdá /baudi:/ f. Míol. *Bhí ~ ar mo léine 20. Chaínic mé ~ ag siúl air 20.*

babhtálann br. Éiríonn tais (le salann, éadach, etc.) . . . é thóigeál as an áit sin nó go mhabhtáladh sé ann 20. *Bhabhtáil sé 20.*

babóg b. Ceirt mhór ar mhéar thinn. *Tá ~ ar a mhéir aige 19.*

babóigin b. Cailín óg dea-ghléasta. *Nach í an bhbabóigin dheas í 20.*

bac f. *Bac a bhaint as duine .i. dul sa bhealach ar*

dhuine. 'Sí an bád seóil a bhain a' ~ asum' a deir sé, 'meireach sin ní bheadh an rása gnóite aige' 24. . . . daoine a' bhaint ~ asút 24.

baça. Ar bhaca do bháis, ar t'anam. 'Leagfha mé air do bhois iad' a deir mé 'ach bhaca do bháis ná bris iad' 27.1232. . . . air bhaca do bháis ná cuir ainm orm 27.1006. 'Bhfaca do bháis' a Uaitéir, ná h-innis ciod atá sa mála' 24 mála. 'Bhfaca do bháis anois' deir a fear leis 'ná bain a' corca as sin go dtéigh tú abhaile' 24 líonann.

bacach f. 1. Beigéir siúil. Ní ra a bhéul air bhacach ná'r dháil nuair a chonaic sé iad 24 táirne, thosaigh sé ag eascaim go trom. Tá a fhios ag ~ an bhóthair é sin 20, tá a fhios ag gach duine. 2. ~ buí, slat mhara a chuirfí ina seasamh agus go mbeifí ag caitheamh slata mara léi ag iarraidh í a bhualadh. Cluiche a bhíodh ann. Cleas an bhacaigh bhuí 19.

bacail b. Míchneastach, caililéireacht. Daoine a bhfuil a' bhacail na bhéasa aca is deacair a nglanadh as a mbealaí, . . . 24. . . . fríomh amach sa deire go raibh an bhacail ann, agus nach rabh ann ach uisce faoi thalamh 24.

bacainn b. Bacadh. Bhain mé ~ as 20, chosc mé tamall é. Dá mbeadh duine in ann ~ a bhaint as ní bheadh an scéal leath chomh dona aige 20, . . . cosc beag a chur leis agus é ag titim . . . Nuair a bhainfí ~ as nach dtiocfadh sé chomh trom 20.

bácáilann. Triomaíonn sa gcolainn. Bacáilfaidh an cac i dtóin na bó 20, beidh aimsir an-te ann. Tá an beithíoch sin bácáilte 20. [Duine atá] bácáilte ina cholainn 20.

bacán /buka:n/ f. 1. '~' a glaoidhítear freisin ar a' ngléas a gerochadh tú an pota ar a' tinne air. Tá naoi bpoll sa mbacán le bior na croiche a shá isteach in feabar poll atá feiliúnach duit 24. 2. Bhí a dteangacha chomh tirim le rópa an bhacán le dúil sa deoch nach bhfuairadar 32. 3. Tá sí ar na bacáin 19, tá a haimsir beagnach caite (ag iompar cinn óig). 4. Amach ó na bacáin, úr nua. Bád nua amach ó na bacáin 20. 5. Iarann ar stiúir an bháid 19.

bacann. Ná bac le, ní fiú labhairt ar - tá sé ar eolas chomh maith sin. A. M'anam gur cleas seasamhach iad sin. B. Ná bac le 'seasamhach', a Mic eo! 20. Ná bac le 'daor' anois a Chóil 20. A. Deabhal dó a dhíonfar ar thada. B. Ná bac le 'dó' 20.

bachall : farra.

bacsáil a. br. Treabhadh leat (ainneoin deacrachtaí). Tá mé ag iarraidh a bhe a' bocsáil liom chomh maith is fhéadaim 27.929. Beidh mé ag bocsáil liom féin anois 24. Bhí mé ag bocsáil leis an saol ag iarraidh maireachtáil 24. (bacsáil a deir 24, ach bocsáil a scríobhann sé).

bácús f. Ní raibh aon fhocal Gaeilge aige ach oiread leis an m~ sin 20. (Focal aonuaire?)

bád f. 1. Ar na báid, (a) an-lag, ar tí báis. . . . bhí sé air na báid a' tíocht abhaile 24 cráiteachán. Má tá sé [beithíoch] dubh chraite agus colainn mhór aige atá sé ar na báid an uair sin. Sin go géarr woe 24 colainn. (b) Ar meisce 20. Tá sé ar na báid 20. 2. Ins na báid 20, le linn fola mósta.

badar f. Buille. Cuire mé fuaramán in do chluais le ~ 24 fuaramán. Bhuail sé ~ uirthi 20.

badaráil a. br. Giotamáil oibre. Bhí mé a' badráil liom a scríobh air feadh tamail . . . 27.1232. Bhí mé ag ~ liom nó go dtáinig sé ag glaoch orm 24.

badaráilte aid. A chuireann isteach ar dhaoine. Fear an-bhadaráilte é ar a chuid óil 20. Ba ~ an duine a bhí ann 20.

bádóireacht a. br. Ag eascaim is ag ~ 20. [Focal aitheanta á chur in áit fhocail ársa badhbhóireacht ?]

baibín f. Snaidhm tuí ar chírin tí 20.

baicín f. Bacach beag 20.

baidheancán /'bai'əŋkəni/ f. Rud mór aisteach. An ~ 19, lampa mór. Sháraigh tú an ~ 19, is tú is contráilte - le duine a bheadh ag déanamh rudaí as bealach Thairrneodh sé [simléar maith] an ~ 19. (< 'Bianconi' ?).

baic b. Oiread seo móna a chuirfí ar an tine. Chaith mé ~ uirthi 20. Ffr. maic.

baíl b. 1. Sa m~, sa chóir, sa riocht. Chuire bhean tí a bhfuil éanlathé aici . . . ag iarraidh iad a chuir sa m~ is féarr 24 Nollaig. 2. Níl '~ ó Dhia' ar bith i mBleá Cliath? 20, ní chuirtear '~ ó Dhia' ar dhuine i mB.Á.C.? ~ ó Dhia ar chac na circe, is mór an lear atá bán di 19, - focal a déarfai le duine a bheadh ag dul i bhfadscéal ag cur '~ ó Dhia' ar gach uile shórt. 3. ~ Bhideach ar a meascán, drochbhail ar ghnó ar bith. Tá ~ Bhideach ar a meascán agad air 19. ('meascán ime' an chiall atá le 'meascán' anseo). 4. ~ ó Dhia ar na bulláin 19 - ainm cluiche gasúr.

baile f. An uaigh, an chéad saol eile. Ní sa m~ atá tú ach i do theach lóistín 19, níl tú ach 'ar lóistín' ar an saol seo.

baileach : balach.

baileachtáil b. Brabach. Níl aon ~ agam dhá bhari 20. Bhfuil aon ~ agat 20, bhfuil aon ghráinne tobac le sparáil agat?

Baile Átha Cliath /bl'a: kl'ia/. Tá lá go ~ fós againn 20, tá neart ama fós againn. An raibh tú i m~ riamh? 20 (focal a deirtear le duine a fhágann doras oscailte ina dhiaidh). Fan go 'spainfidh mé ~ dhuit 20 (le gasúr á chrochadh san aer). Go mba i m~ an corp! 20 (a déarfai dá dtagadh cearc isteach sa teach agus sop ina tóin - tuar báis).

baif f. ~ seang, luibh éigin. Tarain a' ~ seang sin as a' gceap inniún 24. Is géarr le bainne an sú tá isti sa ~ seang 24. (cf. Luibh na mailí seang thíos s.v. luibh.)

bailicín. Smacht. Fan go ngeobhaidh mise faoi mo bhailicín fhéin thú 20. Tá sé faoina bhailicín fhéin 19.

bailíonn 1. Bheadh sé ag cruinniú roimhe is ag bailiú ina dhiaidh 19, ag oibriú go barainneach. 2. Imíonn. Tá sé bailithe amach 32. Tá sé bailithe ar an bhfaraor ghéar 32, imithe chun donais, ar dhroch-chaol. 3. Caitheann. Tá an lá bailithe 32. 4. Imíonn thar. Ó bhailéoidh sí seacht mbliana 20. Bhailigh sé an Spidéal inné 20. 5. Bailithe, imithe as a mheabhair. Tá sé siúd bailithe 32. Ffr. balafóinn.

bainbhín *f.* Ag déanamh ~ í 20. Cluiche gasúr, iad ag lígean orthu féin gur bainbhíní iad.

báineadas *f.* Báire. *Is iontach chuaigh sé 'un ~ 20, . . . chun finne ina fhólt.*

baineann **1.** ~ *as.* *Bain fad is leithead as an méid sin 20, bain an méid is féidir leat as, déan do dhícheall leis, ní bhfaighfidh tú níos mó. Bhain duine eicint masla aistí agus ní rinne sí ní bu mhó 24 áth, thug duine éigin masla dí. Do dhúil a bhaint as, oiread de a fháil is nach gcuirfeá dúil ina thuilleadh de. Ó bhain mé mo dhúil astub ní raibh aon suim agam iontab níos mó 20. Bhain tú mo dhúil as 20, níor fhág tú aon dúil agam ann feasta. Níorbh fhéidir leat do dhúil a bhaint as 20. 2. ~ *de.* Ag baint lá den tsaol 19, ag baint lá as. A aithne a bhaint dhó 19, jallach a chur air a insint cé hé féin. Bhí an oíche ag baint an lá dhó 31, bhí an oíche ag teacht air is ag baint solas an lae de. *Bainní an oí go maith astu 24 baile, fuair siad go leor de dhua na hoíche.* 3. *Bainte air, dlite air ach gan íoc. Réis dhá bhliain cís a bhe bainte air, níl sé a' cuir a dha stró nó inní air 24. Mar mbeach baintí ort ach leath ghala go do chíos 24 baile. D'ourda sé dhó glana as a' teach i ngeall air choecís cís a bhí bainte air 24 ordaíonn.* 4. *Cén bhaint a bhí agut é a bhuala ciod a bhí sé a dhíona as a' mbealach 24, cén gnó a bhí agat . . .* 5. . . . *díoltas bainte i gcróí an chaptín 24 Bealtaine, bhí greim fáighte ag Fonn díoltais . . .* 6. *Bhain sé sna cosa in áirde ón mbáisteach 19, rith sé . . . Tá sé comh maith againn a bheith ag baint coisméig as 20, . . . a bheith ag imeacht linn.* 7. *Bainfidh mise siar as é 20, bainfidh mé díoltas as.**

báinín. Báinín. *Le buile is le ~ 20.* (Focal aitheanta in áit an fhocail 'arsa'.)

bainis *b.* *Bígt ar an ~ 20* (focal a déarfai le linn an cionán a thabhairt agus é ag iarraidh ar gach duine mámh a imirt). *Chaill tú comh dona é le ~ do sheanmháthar 20* (le rud a chailleadh duine, mar nach bhféadfadh sé a bheith ann). *Ffr. banais.*

bainne *f.* **1.** *Ab é chaoi a raibh sí faighte ar bhainne aige? 19. . . sí [bó] faighte aige ar iasacht, é féin á cothú agus an bainne a bheith aige. Bó ar a ~ 19, bó ar iasacht agus an bainne le fáil ag an té a fuair an iasacht. Is é an ~ cíoch a fuair tú é 19, thug tú leat ó dhúchas é. Is maírg a bheadh ar buaile gan ~ leat 19 - focal a déarfai le duine cantalach, a mbeadh sé deacair réiteach leis. Céad slán, ach cé dhó? do bhainne na bó a bhí te 19 - focal a deirte nuair a bhíodh ganntan bainne ann. Ní dheacha ~ sláinte ina bhéat aríst 20, ní raibh aon tsláinte ina dhiaidh sin aige. 2. ~ *na heasóige 19, poitín. ~ na bó duibhe 20, tae dubh.* 3. ~ *bán 20, luibh ar a mbíonn bláthanna beaga glasa, agus 'bainne' istigh inti. ~ íocháí bána 20, goiríní beaga agus barr bán orthu. 4. Ag déanamh ~ 20, 19, ag déanamh maistrídh, ~ théis a dhéanta 19. 5. ~ ramhar, tréimhse saibhris. Tá an saol na bhainne ramhar anois, formhór na ndaoine ag imeacht sna cearca fraoigh le macras 24. Tá sé na bhainne ramhar anois acu, an chlann tóice agus neart a' phá' a tíoct isteach chuile sheachtain ann 24 baineann.**

Ní raibh sé na bhaine rour an uair sin chun [ach an] oiread acu 24 Samhain.

bainte *aid. bhr.* Spréachta. *Tá sé siúd ~ 20, tá sé spréachta i ndiaidh ban.*

báire *f.* **1.** ~ *camán 19, cluiche iománaíochta. ~ cos 19, cluiche peile. 2. Sin é an uair a bheadh a' ~ buaile agut 27.1251, sin é an uair a bheadh buaite agat. Caithfear ~ a bhualadh leis 20, caithfear gnó a dhéanamh leis. Ghlan sí as a' mbacail agus shíl mé go rabh an ~ buaile ansin aicé 24 bacail. 3. Scaoil ~ leothab 19, tabhair cead a gcinn dóibh (cé nach n-aontófa leo). 4. Thug sé an ~ leis 19, d'éirigh leis ealú.*

bairicín. Bailicín (q.v.) . . . *faoi do bhairicín féin 19, 20, faoi do smacht féin.*

bairille *f.* *D'ólfa an ~ buí 19, . . . go leor.*

bairneach *f.* ~ *iascáin 20, cineál áirithe bairnigh.*

baise *b.* Rúóg éisc, nó oiread is a d'iompródh duine lena mhéaracha sna geolbhaigh. *Cuirfidh mé cúpla ceann ar bhaisc dhuit 19, cuirfidh mé cúpla ceann ar rúóg [trí na geolbhaigh] duit.*

baiste *aid. bhr.* *Níl fhios agam beo ná baistí cén chaoi a gcuirfhi tú fáine inní mar sin 24 srón, níl a fhios agam ar chor ar bith.*

baisteadh. Réis a mbíoch go dhaoine ann agus a ra go 'Bhaiste na mBratachar' fáiti ag go leor acu. *Sin é an t-ainm a tugtaí air ól na gcabáin . . . 24 mionnaíonn.*

baisteachán *f.* Duine a bheadh ag tabhairt leas-ainmneacha ar dhaoine 20.

baithis *b.* Barr tí, cruaiche, cnoic. *Tá eun na sheasa air bhait[h]is an tí 24. Ag críochnú na bailhise air an gcruach a bhí sé 24. Air a' geasa réis ~ a' chnoic a bhaint amach 27.74. . . sa teach ab fhaide siar air fad anáil air bhait[h]is a' chnoic 27.1101. ~ an phota [gliomach] 19.*

baithiseachán *f.* Duine mórbhathiseach 20.

baítín 'boys'. Bligeaird (bhaile mhóir). *An meall daoine a bhí air a' tsráid go bhaitín boys a' bhaile mhóir a bhformhór, . . . gan fios agut cén uair a cháileá an mala le spala cloiche 24 airne.*

bál *f.* 'Ball', damhsa mór. *Is beag seachtaine ar bith nach mbíodh ~ damhsa ann 27.434.*

balach *aid.* Baileach. *Ní ~ gur mé 19. Ní ~ gur droichead é 19. Ní raibh sé ~ cailte 19. (Baileach freisin 20, etc.)*

baladh *f.* Boladh. *Ní hé ~ na pluide atá ort mar atá ormsa 19 - le duine a bhí amuigh ag obair go moch.*

balaióinn. Bailiúinn 19, 20.

balaireacht *a. br.* Bolaíocht. *Ag ~ 20. Ag imeacht ag ~ 20.*

balastar *f.* Canda mór. *Bhí sin ag Pól ~ mór aráin castaí istí a néadach shíos a' mála 24 ocras. Ba mhaith a' sceúl go rabh ~ mór 'ráin agam 24 ocrasach.*

balcais *b.* (Droch-) éadach. *Téifidh mise an bhalcais agat 20, buailfidh mé thú. Gheobhaidh sé faoin m ~ é 20, buailfear é.*

ball *f.* **1.** *Ní ag baint ~ ná barail as é 19 - focal a déarfai tar éis mácháil ar dhuine a lua. 2. ~ (bán),*

scead bhán ar éadan capaill 20. *Tá ~ deas inti* 20. 3. *Chuile bhall liom ach iad* 20, chuirfinn suas le rud ar bith, ach iad. *Chuile bhall ach é [áit]* 20. *Ba deas an ~ ar dhriúir thú* 20, (go magúil) is slachtmhar an duine thú. 4. *~ (t)séire*, duine mearaithe, ar dhroch-chaoi. *Bíonn lucht tuai na mball séire aimsir teasúil nuair a bhfonns a' leamhnacht a' géarú oru* 24 géarú. 5. Diabhláocht. *Cha duine eicint le báiltéire trí nó ceathair go leachlocha isteach sa gceap* 24 follasach. *Tá an ~ séire ort* 20, tá an 'diabhal' ort. *~ séire air!* 20, drochrath air!

Balla log. Ó *Bhalla*, in áit ar bith. *Ní ra aon spóirt ó Bhalla ach é* 24 cuireann. *Ní rabh aon spóirt ó Bhalla ach é a' goil soir chuile oi agus a phluid casta air* 24 péist rua. *Ní rabh aon truaigh ó Bhala ba mhó ná é a mharu* 27.1418. *Níl aon díol truai ó Bhalla ach cuid acu* 24.

balla f. *Ní raibh a fhios aige aon fhocal Gaeilge ach oiread leis a m~* 20. *Chuir an Blácaigh le ~ é* 20, sháinnigh sé é. *Bhí dath an bhalla air* 20, bhí dath bán ar a aghaidh. *Dhiún duine [a bhíonn sa teach] ach [mé] ag iarraidh a bheith ag coinneáil caint leis na ballaí* 19.

ballach f. *Cnáimh ballaigh i do scornach!* 20 - le duine róchainteach.

ballaera f. 1. Barr-iall 20. 2. *Ballaeracha* 20, ruálach. **ballasta** f. Deoch mhór. *Thóig sé ~ maith* 20, d'ól sé go leor.

balltséiriúil aid. Ábhaileach, diabhlánach. . . . a' cumadh sgéulta báiltéiriúil 24 bailíonn.

balltaí iol. Bealach uisce agus an lao sa mbó. *Na ~* 19.

balltas f. Tinneas tochasach sna balltaí 19. *~ ort!* 19. **bamsóigin** b. Cailín beag deas pointeáilte 20.

bán' aid. 1. *Chomh ~ le bainne* 20, . . . le calóg 20, . . . le giobóg lín 20, . . . leis an bpáipéar 24. 2. *Ciseog bhán, ciseán bán* 20, ceann a dhéanfaí le slata scafa. 3. *Scéal ~ air, tá sé imithe is bhí an t-imeacht air!* 20, a chonách sin air . . . *Bhain sé as sna bonnacháí bána* 19, rith sé leis.

bán' f. 1. Talamh bán. *An as a bhán a chuir tú é?* 20. 2. Bochtaineacht. *Tiocfaidh tú 'un bán* 20. 3. Duine fionn. *Na Bán*, clann áirithe a raibh an aid. 'bán' lena n-ainm.

banais b. Bainis 19.

bánait b. Garraí bán gan sceacha ná carraigeacha. *Is mó na géaga go mór a bhíos ar chrann i m~ ná ar cheann i gcoel* 24 géag. *Ní mó ná go gcreitead an mhíreacht tá a ngiorria go bheiced a' rithe air bhán áit é 24 míreacht. Bhí sé [crann seiceamair] tamal amach óna crainn eile air bhánait dó féin* 27.898. *Gheou tú crann atá fás air bhán áit a' breanú an-attach go minic* 24 attach.

bánaithe aid. bhr. Le buile feirge. *Bhí sé ~* 32.

Banba log. *Na ~*, go leor leor. *Tá móin na banab sa gcuach sin 24 cruach. Fataí na Banb* 24. *Mhill [mheil] sé arúir na banba anuráí* 24 meileann.

banbh f. 1. *Shílfeá gur bainbh atá i mo phutógaí anocht* 20, - le putóga a bhí ag geonáil. 2. *Bainbh dhearga* 19, luchta óga gan fionnadh.

banchliamhain b. Máthair fir chéile 24 *cliamhain*.

bánghlas aid. Mílltheach le tinneas 24 bán.

bánn 1. Cuireann (táirne) abhaile. *Báigh é sin!* 20. 2. *Bhí na tithe báite* 20, ní raibh aon fheiceáil orthu (ón bhfarraige). 3. *An Abhainn Bháite* 24 *gadaí* - ainm abhann atá ag rith faoi thalamh. 4. *B'fhearr liom báite . . .* 20, b'fhearr liom rud dá dhonacht ná . . .

bannaí f. 1. Scolb a choinníonn na scoilb atá ag rith ar fhad an tí, nó a choinníonn an dréimire ar an díon don tuíodóir. 2. Cosaint. . . . *a mbeadh na cinn chearta a' fás sa ngarraí agut nár mhór dhuit bannaí maith a bhe agut oru lena gcoinneáil saor ó ghoid* 24 sú salún. *Mar bhfuil an-bhannaí an aghaidh luchain air chruach arúir a fhananns gan buala . . .* 24 nead luch.

banríon b. *Dá mbeach saidhbhreas na m~ aige, ritheach sé ríd* 24, . . . saibhreas ollmhór.

bánshoile b. Gile (na maidine). *Tá mé ag goil ag éirí leis an m~ amáireach* 19. *Bhí mé i mo shuí leis an m~* 19. *Nár ba léar dhuit an bhánshoile!* 19 (eascaine).

bantáiste b. Buntáiste 19, 20. *Cloch a chuir ar a ~* 20, cloch a shocrú (ag tógáil balla) ar an gcaoi ab fhearr.

bantáisteach aid. Buntáisteach. *Teighre ~ dhó* 19, gearr é ar an mbealach is mó a mbeidh tairbhe agat as. . . . *i [feamainn] a bhaint ~* 19, . . . *a ghoil níos bantáistí dhó* 19. *Ghearráidís an fheamainn an-bhantáisteach* 19.

banúil, -úlacht : **mnúúil**, -úlacht.

baog f. Cnap d'fhuil dhubb théachta. *D'fhanfadh an ~ seo* 19. *Cuirfidh mise ~ ort!* 19.

baogóg b. Baog. *Mara ndúnfaidh tú do bhéal cuirfidh mé ~ ort!* 19.

baois. Bis. *Bhí sé ar ~ a ghoil ann* 19. *~ chainte* 19. (Tá *bís* freisin ag 19.)

Baoiscín a. dl. (?) *Tille deabhail ag ~!*, agall míshásaimh . . . *tille diabhail ag baoiscín nú d'íoc tú do cheart air!* 24 . . . *tille deabhail aig baoiscín nó is fada an lá dá thuar iad!* 24. *'Tille deouil ag baoiscín' a deir sé 'mar ra 'n pionta daor go math hana gan é árdu tille orainn* 24 ardatonn. *Mar buil mo shá ráite dtaobh Choel a' Chláir anois agam, tille diabhail chuig ~* 27.917. *Ffr. buiscín.*

baoisle. Baosra. *~ na haoise* 20. *Ffr. baorsa.*

baoitte f. 1. *Baoití sráide* 20, péisteanna le fáil sa tsráid mar bhaoite. 2. Smaois shróine. *Bhí ~ is smaois air* 20. *Glan do bhaoite* 20. 3. Gasúr simplí gan gus 20. 4. Solamar in aisce. *Áit a mbeadh baoití* 20.

baoitteachán f. Duine smaoiseach pislíneach 20.

baoitteáil a. br. 1. Smaoisil. *Ná bí ag ~!* 20. . . . *ag imeacht ag ~ i gcónaí* 19. *Ag ~ smaoise* 20. *Lig de do chuid baoiteála* 19. 2. *Ag gleo le linn a bheith ag ól. Ól suas do chuid tae agus ná bí ag ~ leis* 20. 3. *Ag méiseáil, ag smeadráil. Céadóis ~ atá ort!* 20. 4. *Ag caint raiméise. Ag ~ chainte* 20.

baoitteáil f. 1. Duine a bheadh ag smaoisil 20. 2. Duine a bheadh ag faire ar sholamar a fháil in aisce 20. 3. Méiseálaí 20.

baol *f.* Contúirt. 1. ~ nó bogadh, seans ar bith. 'Dheoun ~ ná bog orm' a deir sé, 'mo bháinín breá nua a dhíol leat is cho géar is theastaíonn sé uaim héin' 24 báinín. Deir sé leofa nach raibh ~ ná bog' air é a dhéanamh 27.235. Diabhal ~ ná bog a bhí orm 27.1370. Dheamhan ~ ná bog orm 24 lasóg. 2. Bhí gach le dath air chuile chleite ina dhriobal ach ní raibh siad ~ fásta 27.1418 . . . cóngarach do bheith fásta. 3. Seans. Bhfuil ~ ar bith go mbeidh sé thart go goirid? 20. Bhfuil ~ ar bith ar an móin a bheith íógthe agaibh? 20. Bhfuil ~ ar bith ar an ubh? 20, bhfuil baol ar bith ar í a bheith bruite. Bhfuil ~ ar bith ar an scim? 20, bhfuil seans ar bith go mbeidh an scim ag tosú go luath. **baolach** *aid.* Ní raibh sé ~ chomh maith leis 20, ní raibh sé gar do bheith chomh maith leis. **baorsa.** Baorsa 19. Tá ~ na haoise air 19. Tá ~ na hóige ag tíocht ortsa 19 – le seandúine a bheadh ag iarraidh a bheith ag dul le mná óga. *Ffr.* baoisle. **bara'** *f.* ~ ceathar 19, bara láimhe a mbeadh ceathrar faoi. Ag cur ~ faoi chac circe 20, ag baint leasa as uirlis a bheadh rómhór is nár gá a úsáid le gnó a dhéanamh. **bara'** : **barú.** **baraed** *f.* Scaif. Tá slaghdán air, tá ~ faoina mhúineál 20. **baraeracht** *b.* Iníor. Talamh ~ 24. Bhí sé a' plé le stoc agus bhíodh talamh baraéreachta aige 27.1176. **barail** *f.* Barúil. Sé mo bharail go bhfuil 19. (barúil 20). **baraileach** *aid.* Barúlach. Nach é atá ~ dhó fhéin 19. **barainn** *b.* Bainistíocht. Duine nach mbeadh aon bharaínn ann 19. Ní bheadh aon bharaínn ar a ngnótha acub 19. Níl bun ná ~ ort! 19, níl cuma ná slacht ort. Níl bun ná barr ná ~ ort! 19, *id.* Níl bun ná ~ ar a ngnótha 19. Tá ~ ar chuile shórt aici 19, tá sí tíosach i dtaobh gach uile shórt. Ba chóir dhó ~ eicint a chur air fhéin 20, slacht, cuma éigin . . . **barastóir** *f.* Báirseach, sciolladóir. Tá sí ina ~ 31. **barb.** Ar á ~, ar a taobh ar thalamh. Tá an bád ina lú ar a ~ 19. Tá sí sinte ar a ~ 19. Tá sí leagtha ar a ~ 19. **bardal** *b.* Bean a bhfuil muineál an-fhada eirí, 'muineál bárdail' a glaoidhítear ar a leithide 24 muineál. **bárdoras** *f.* Fárdoras 32. **baróir** *f.* Oibrí le bara. Bhí chuile gheaingear ag faire ar na baróirí 19. **baróireacht** *a. br.* Ag iompar le bara rotha 24. Ag ~ clocha 19. **barr** *f.* 1. ~ an bhaile 20, an chuid is uachtaraí den bhaile, an sliabh in uachtar an bhaile. . . . go raibh líochán le fáil i gcónaí ag beithígh ar na barrannaí sin suas 20. An ~ garbh 20, an talamh gan saothrú i mbarr an bhaile. An ~ sin amach 20, an sliabh, an portach sin atá i mbarr an bhaile. 2. Thuas i m ~ an tí 20, thuas sa stór bairr. Thuas ar bharr an tí 20, thuas ar cheann an tí, taobh amuigh. 3. Thar bharr a chéille 20, curtha le buile. 4. Bhí sé ar bharr a

bhéil aige 19, bhí sé de ghlanmheabhair aige agus é réidh lena rá. 5. ~ daibhche /ba:r daif'i:/ 20, stuif trom fluch rua a fhanann i ndiaidh na stílireachta. Le trius agus bárr daoife as stíl a' Phiarsaí a bhí siad sin dhá mbeathú 27.136. Fua sé aig a' stíl chum ar bith agus fuair sén bárr doifí 24 caith. 6. Thar ~, an-dona (chomh maith le an-mhaith) 32. Tá an lá thar ~ le donacht 19. 7. De bharr ar . . . , mar gheall air. Tá mé a' ceapa go bhárr air dhonacht a' lae nach dtiuca sí 24 ceapann. Bhíodh aghaidh daoine móra go leor ar Mhionloch san am sin go bhárr ar na Blácaí 27.31. 8. Ardú tinnis. Tháinig ~ air 20. Ar tháinig aon bharr air? 20. 9. (Leaganacha eile). (a) ~ marbh, barr lag ar ribí gruaige, nó ar chraobha. Chaith mé an ~ marbh thar an gcláí 19. An ~ marbh a bhaint di [de ghruaig] 19. (b) ~ mullaigh. An ~ mullaigh a bhaint de na crainnte 20, iad a dhiogáil. B'fhéidir gurb é ~ do leasa é 19, . . . lár do leasa. (c) Bhí ~ nimhe air 20, bhí sé lán le haicis. Bhí ~ nimhe ar an lá 20, bhí sé an-fhuar. Tá barr-nimh air mo mhéarachal aig a bhfuacht 24 fuacht. (d) Poitín go ~ bata 31, . . . go flúirseach. (e) Tá ~ sneachta ar an mbáisteach 20, tá beagan fíchsneachta tríd an mbáisteach. (f) ~ scartha, an áit is faide ón sleadóir a mbítear ag scaradh uaidh. Go thusa mach go bárr scara leis a' móin agus coineó mise harm le bruaich í 24 scaradh. (g) ~ cáthú 31, 'cut-lings', an chuid gharbh dhubh den ghrán. (h) Ní ~ binne ar bith ar an bpobal é 19, ní tairbhe ar bith don phobal é. (i) Tá sé thrí bharr tasrach 19, tá a éadan lasta le fiabhras. (j) Bhí sé [i] mbárr [a] undla mair hainic sé 24 anáil, bhí saothar anála air . . . Nuair a hainic sí agus í a mbárr a hanála a rá go ra a h-athair dá chaile 24 deifríonn. (k) ~ ar, mar bhreis ar. ~ ar an mí-ádh . . . 20, ~ ar an slacht . . . 20, ~ ar an duthúlacht . . . 20, leis an scéal a dhéanamh níos measa. (l) Níor thug sé aon bharr súntais dhó 20, . . . aon suntas ar leith dhó. (m) Chuirfinn ar bharr píce é 20, tá an ghráin agam air. Chuirfinn ar bharr bior é 20 id.

barra : **farra'**.

barrach *f.* Tá sé ina bharrach 20, tá sé [móin, carraigín, etc.] an-tirim. Tá an mhóin ina ~ 19. Tá sé ina bharrach le triomach 19. Sfh. Marach an líon ní bheadh an ~ ann 19. Idir an tine agus an ~ 20, i sáinn chontúirteach. Tá an tine agus an ~ i dtoll a chéile arís 20, tá an bheirt ag achrann arís.

barr chonla /ba:r 'xu:nlɔ/ *f.* Feamainn dhubh le fáil taobh thuas de leathuile 19.

barraíocht : **maráíocht.**

barriall : **ballaera.**

barróg' *b.* Meascán idir líon agus barrach. Bráillín barróige 20.

barróg' *b.* 1. Cailín óg 24. 2. ~ af 20, slaitíní beaga, géigíní.

barú. Bara. Dhá mbeadh ~ do leasa fút ní ghabhfá ann 20. Barúintí do leasa 20. (Bara freisin 19, 20).

barúil : **barail.**

barúilteach *aid.* Barúlach. Bhí sé an-bharúilteach dhó fhéin 20.

barúilteacht, barrúlacht *f.* Greann, greannmhair-eacht. *Bhí an bharrúilteacht timpeall air 20. Bhainfeadh sé gáirí as an saol lena chuid barrúlacht 20.*

bás 1. 'Sheas sé ar m'ourdóig' a deir sé, 'sa mbrú is chuir sé an ~ thri mo chroí' 24, . . . ghoill an phian go mór orm. Cuireadh sé an ~ rid do chroí an buile fuair mé air chráimh an uillinn 24 uillinn. *Bhí an dochtúr a' cuir a' ~ rid mo chroí nuair a bhloch sé a' brú a' mheall 24 meall. 2. A mbeadh a' ~ a' goil in do bhéul ach meabhair a bhe ionnut chathfhá a' tosú a' gáirí 27 587. 3. Fattos go dtarlódh aon cheo agus duine i m~ codlata na hoíche 20. Go dtuga Dia slán ó bhás codlata na hoíche muid! 19. 4. ~ an mhúille chugad! 19, bás i do sheasamb, mar a deirtear a fhaigheann an múille. Gheobhaidh tú ~ an mhúille 20, . . . bás gan sliocht ort. 5. Tá na seacht mbáis ciaptha aici sin 20, bhí sí i ngar don bhás go minic. Fuair sé na seacht mbáis 20, id. 6. (Leaganacha eile) Ná bhí ag fáil bháis as a chionn 20, ná bhí mall leis, déan é go beo. Ar chuala tú aon scéal nú ~ na caillí nó pósa na mná óige? 19. Tiúrfaidh mé ~ an mhada dhuit 20, báfaidh mé thú. ~ na n-éanlaí . . . air dhuine caití, crúití éit[r]eorach nach mbeach mórán gus chun oiread ann. . . duine feósaí bhfuil cum an fhuaicht air (nó eirí) an lá is breacha sa soura 24.*

basach *aid.* Bórach 20.

basachán *f.* Bórachán 20.

basail *b.* Bóraíl 20.

basachta *aid. bhr. Tá an bád ~ agaibh 19, tá an bád lochtaithe go leatromach agaibh.*

baslach *f.* Boslach. 1. Roinnt uisce (níocháin). *Caitídh mé ~ a chuir ar mo chuid seanbhalcaisí 19. Níor theastaigh uaidh ach ~ín 19. 2. Deoch mhór. Má ólann tú ~ dhó 20. ~ óil 20. D'ól sé ~ maith 19. 3. Béile mór. D'ith sé ~ 20. ~ breá fataí 19. ~ maith feola 19. 4. Scata. ~ maith daoine 20.*
básta' *aid. bhr. Spalptha, 'marbh' le tart. Tá mé ~ leis a' tart, bhéarainn ceó ar bith air dheoch uisce . . . Tá na beithí ~ cheal deoch . . . na clasracha fataí caite air a' gcluais, ~ 24 básaigh.*
básta' *f.* Cóta ~, peireacót gan aon chabhail 19.

bastard *f.* Meathán fuinseoige 20.

bata *f.* Ní bheadh ann ach Béarla i mbar ~ 20, . . . Béarla gan chuma ná caoi. *Tá na huibheachaí ina mbataí 20, cruabhruite. Nach é an ~ le muing é a mhúnadh dhaoib 20, nach rud dodhéanta . . . ' ~ le pus' 20, fliúit. . . . poitín go barr ~ 31, . . . an fhairsing.*

batam /batəm/ *As a bhatam fhéin 19, as a stuaim, as a neart féin. Rinne sé as a bhatam fhéin é 20.*

beabhrrach. Agall ag glaoch ar bheithigh. ~, ~, ~! 20. *Beabhairé /b'aur'o:/ id. 20.*

beach : meach, smeach.

beachtaithe *aid. bhr. Glic, cliste 20.*

beadacháin *f. iol. Daoine thar baile amach a thóg seilbh ar thithe i Mionlach 24A.*

beadachán *f.* Bia milis. *Níl siad a' faireadh air a dá cácaí corrainní ná beadacháin ar bith eile 24 Nollaig.*

beadaí *aid.* Go ~, go hamplach, ní gá go mba bhia ar leith a bheadh ann. *Tá siad [muca] ag ithe go ~ gas a bhfuil siad a fháil 24 goile. Ithú go ~ iad chom air bith air cholg an bhothair 27.1161. D'ith siad í go ~ an lá sin 27.1161.*

béadail *b.* Méadail 19. *Tá a ~ lonta aici 20. (bléadail freisin 19.)*

béadaíocht *b.* Bia ar leith. 1. *Siopa ~ atá sa sean gharage 27.740. 2. ~ náire. Dhiún mórán ~ náire air 20, dheamhan blas náire air (agus é ag iarratas). Ní raibh aon béadaíocht náire orm leat 19. Ná bíodh aon béadaíocht náire anseo ort 19.*

beadamas *f.* Béadaíocht. Ní raibh aon beadamas ann an uair sin 19. . . . dúil i m~ 19.

beag *aid. 1. Is ~ le. (a) Ba bheag leob céard déarfáidís 19, ba chuma leo. (b) Is ~ le cupán tae atá ann 20, is beag thar chupán . . . (c) Ba bheag le go bhféadfá bheith ann 20, is ar éigean a d'fhéadfá . . . Ba bheag le gur chreid mé é 20. Is ~ le go bhfuair mé ceann a shásaigh mé 24 sórt. 2. Is ~ de. Nach ~ a [de] chaint é, bail ó Dhia air 32, nach beag an chaint atá aige. . . . gur ~ [de] fhonn a bhíonn ar na ceannachóirí 19. 3. ~ ná mór, ar chor ar bith. Ní fhaca mé ~ ná mór é 20. 4. Tá an seomra chomh ~ is nach gcónódh dhá dhreancaid ann 20. 5. Fuair sé an cleachta ~ 32, . . . agus é beag. 6. 'Ní mórán é sin' a deir mé. 'Cé ~ a dhonacht' a deir sí 27.323, . . . nach leor a dhonacht. 7. An Domhnach ~ seo 20, 19, an Domhnach seo chugainn. 8. (Le a. br. gan go leis) Bhí muid a' déanamh go deas a' cómhra ~ linn féin 27.912. Agus thosaíoch sé a' damhsa ~ agus ag oebriu na lámha 24 inseacht. 9. (a) (Ag cáiliú *aid.*) Putaí beaga a bhfuil geabsaireacht go leor ar bun acu agus atá ann-amhailteach beag gan aon dochar 24 ladar. (b) (Ag cáiliú a. br.) Ní ra éamh ar na páistí ach a' dousa beag sa linn 24 linn.*

beagán *f.* 1. Ní raibh agam ach deartháir an bheagáin 20 . . . beagán. 2. . . á innseacht go dhuine eicint air ais an ~ a díonu dhaoifa 24 ceapann. . . an beagmheas a caitheamh leo.

beagshnámhach *aid.* Éadrom san uisce (le bád) 19.

beaguaisle *f. iol. Leath-uaisle. ~ agus móruaisle 19.*

beaigeabún *f.* Bithiúnach. *Nach é an ~ bradach é 20.*

beainceáil. *a. br. Teach le chéile ina scamail mhóra. Nuair a thosaíonn na néalta a' ~ ina chéile ó dheas, breana 'mach go bháisteach 24 réal.*

beaimín *b.* Bean óg nuaphósta 19. (Cf. feairín).

béal *f.* 1. *An bás a goil siar in a m~, 27.444 . . . iad i mbaol báis . . . an bás a goil ina bhéul 27.517. Tá lán béil den oíche caite 20 - a déarfai le duine a dhéanfadh méanfach go deireanach san oíche. Ag déanamh ~ mór leis an gcodladh 19, ag méanfach. ~ bocht 19, tinneas liopa, le slaghdán nó ón ngrian. ~ roic 19, finicín. I ndiaidh a bhéil. Thit sé i ndiaidh a bhéil 20, ar a bhéal. Fear a bheadh caite amach i ndiaidh a bhéil 20, . . . a bheadh cromtha anuas. Is gearr ó bhí siad ag ól as ~ a chéile 20, . . . ó bhíodar an-mhór le chéile. Sé d'aithneofa as a athair, mar chaithfeadh sé amach as a bhéal é 20,*

... tá sé an-chostúil lena athair. 2. (Cúrsaí cainte) *Tá tú ag caint is do bhéal ag corraí* 19, ... agus níl aon chiall leis an gcaint. *Bhí focal ar bharr a bhéil i gcónaí aige* 19, bhí sé an-tráthúil ag caint. *Taobh amuigh de do bhéal atá tú á rá* 19, níl tú dáirtre á rá. ~ *fírinneach a dúirt liom é* 20. *Cuimhnigh ar gach's a bhfuil i do bhéal anois* 20, cuimhnigh ar a bhfuil tú ar tí a rá - focal a déarfaí ag cur isteach ar dhuine. *Is bean í sin a bhfuil a' diabhal craite eirí as a teanga, ... ní bheadh a béul air bhacach ná air dháil* 24 *cailleach*, ... ba mheasa í ag sciolladh ná bacach ná dall. *'Ní ra [a] bhéal air bhacach ná dháil', a deir sé* 24 gránna. *Ní raibh sé air bhacach ná air dháil a' béul a bhí air na baintreacha* 27.528. ... a ~ *uirní a bhí eirí, rachadh sé chun leasa go pheacach* 27.1021. *Deir siad go ra an dá bhéul air, an dea-bhéal agus an drochbéal* 24 *Raifteri*, an chaint lách mholtach agus an chaint mhaslach. *Meala sé aige iad mar tá an dá bhéal air* 24 *meallann*, tá teanga liom leat aige. *Fuair sé ina bhéal é mar a fuair an mada cac an pháiste* 20, - le duine a chloisfeadh scéal agus a scaipeadh ar an bpointe é. *Is minic a buailiú 'na bhéul ... go mo dona an coisí é* 24 *rása*, gur casadh leis go maslaitheach ... *Is fada na blianta na dhiaidh a cha sé dhá bhuaile ina mbéul* 27.483. *Sháraigh mé siar ina bhéal é* 20, chuir mé ina luí air go raibh an rud a bhí ráite aige contráilte. *D'ith sí an ~ as* 24, d'fheann sí é. *'Tá tú fada go leor anois á dtarraingt thri do bhéul ...*, ag cúlchaint go gránna orthu 24. *D'fhóghlaim mé as ~ ansin é* 27.52 ... de ghlanmheabhair ... *Níl a fhios agam as mo bhéal anois é* 20, ní féidir liom é a rá anois 3. (Cúrsaí bia). *Ag obair ar bhia a mbéil* 19, gan aon phá ach a mbéile. *Bhí dhá bhéul air ag ithe leis an ocras a bhí air* 24 ocras, bhí sé ag ithe go hamplach. 4. (Cúrsaí aimsire). *Tá braon i m~ na gaoithe* 19, tá cosúlacht na báistí le haireachtáil ar an ngaoth. *Ní raibh fascadh ná dídean ó chrann ná o thom ann ach é na bhéal gaoithe amháin ó Ghlaislín aníos* 27.939. *Gála mór is é i m~ báistí* 19, ... agus báisteach ag teacht ina dhiaidh. *Bhí a bhéal faoin lá* 20, bhí sé ag báisteach ar feadh an lae. *Nach raibh a bhéal faoi ar feadh an lae!* 20. *Tá ~ an aeir ag glanadh* 19, tá an spéir ag tosú ag glanadh. 5. *Chuaigh sé ar mo bhéal* 19, cheannaigh sé rud a bhí uaim (thug sé airgead níos mó, nó rinne sé tairiscint romham). *Nílím buioch chor a bith dó faoi a ghoil air mo bhéul ann*, 24 buioch. *Chuaigh sé ina bhéal air* 20, 19 id. *Cheanna sé ar mo bhéul í, réis fios a bhe aige go rabh tairiscint istí agam eirí* 24 ceannaíonn. 6. *Faoi bhéal an domhain, ... an aeir, ... an deabhail; ar bhéal an aeir, ar domhan. Nach mbíodh aon áilleacht faoi bhéal an domhain ach ...* 19. *Ní bheadh a fhios agat faoi bhéal an domhain cé chaoi a rinne sé é* 20. *Níl a fhios agam faoi bhéal an deabhail ...* 20. ... *faoi bhéal an aeir* 20. ... *an áit ab aeráí ar bhéal an domhain* 19. 7. *I m~ an dorais, cóngarach do bhaile. Bhí sé craite go leor a léamh a gcuid mísg sna páipéir nó go ndéantaí a m~ a dorais agut é* 27.118. ...

staighre Mháire Ní Bhriain i m~ a bhaile ... 27.143, ar theorainn an bhaile. 8. *Cháil an báid i stiúir agus d'imhthí sí a mbéul faraige* 24. ... d'imigh sí ar a hábhar féin i ndiaidh a cinn amach chun na farraige móire. 9. *Caitheamh i m~ a haon dhéag, loiceadh air, caitheamh de leataobh ... é dhá fágáil i mbéul a haon dhéag anois a tóirt cead gon saol mór a bheith a cainnt air ...* 24 *caitheann*. ... go n-imeódh [a] dtiú sa [is a] mhaoin a mbéul a' haon-éag 24 pósann, go n-imeodh ... amú, go scaipfí gan taírbhe ... 10. ~ *na fírinne*. (a) *Bhí ~ na fírinne sa méid sin* 20, ... lomchlár na fírinne. (b) *Dorú ingir. Ba deacair dhuit goil amú, agus ~ na fírinne agat* 20. 11. *Ar bhéal, ar tí. Bhí sé ar bhéal a dhóthain a bheith aige* 20. *Ar bhéal a bheith bruite* 20. 12. *I m~ a chéile, trína chéile. Chuire shórt caite i m~ a chéile ann* 20. 13. *As ~ a chéile, i ndiaidh a chéile gan bhearna. Trí lá as ~ a chéile a chaith sé ag ól* 20. **bealach** f. 1. Modh oibre. *Sfh. Tá an dá bhealach ann, an Daingean is an Ceann* 19, ... tá dhá bhealach le gnó a dhéanamh. 2. Modh taistil. *Bhí ~ cairr agam* 19, bhí carr agam leis an aistear a dhéanamh. 3. Slí bheatha. *Is fadó an lá a chuir fear a ra ~ mór leis i nGaille air m'athair é* 24 *cuir*, ... slí bheatha mhaith aige ... *Hainic dream as Meiriceá a bhain leis a rabh ~ mór leof* 24 aghaidh. *Feiliméara a bhí ann a deir siad a rabh an-bhealach leis. Bhí neart stoic go chuire chineál ar a chuid tahín* 24 páiste. *An fear a bhfuil sibh a' cainnt air atá an-bhealach anois leis* 24. *Níl sé in mo bhealach a ghoil i mbannaí ort, atá an t-airgead ro-árd, níl sé de ghustal agam* 24. *Ní rabh mo bhealach air é a cheannacht ...* 24, ní raibh an t-airgead agam. *Go leor ~* 19, bealach maith maireachtála. 4. (a) (Le duine). *Cá bhfios dúinn cén ~ atá leis* 20, ... cén sórt duine é. *D'inis sé dhí gach ~ dá raibh leis* 20, ... gach rud faoi féin. (b) (Le rud) ... go bhfeicfeadh sé cén sórt ~ bhí leis an gcoill 20, cén sórt coille í. 5. *As ~. Chuir tú an méid sin as ~ do mháistir* 24 ábhar, d'fhág tú do mháistir gan an méid sin. 6. *Chun bealaigh*. (a) ... go mba í *Caitilín a chuaigh chun bealaigh* 20, ... a fuair bás. (b) *Bheadh sí tugtha 'un bealaigh* 20, tugtha leo ag na síogaí. (c) *Bhí sé 'un bealaigh cheana* 20, bhí sé i dteach na ngealt cheana. 7. *Ar an m~ céanna, ar an taobh eile. Níor fhág sé ceó ar bith go chneámaireacht na (g)clainní na dhiaidh. Air a' m~ céana roinnfheadh sé scilling leat mar mbeadh aige ach í* 27.526. **bealaíocht** b. 1. Ordú maith (ar chaoirigh). *Nuair a d'aire sé an bhealaíocht ar na caoire agum is é dhá lámhsíú* 24. 2. Breabaireacht. *'Tá sé air fheabhas a' domhain' ... chods a sheasas a' bhealaíocht* 27.337. **bealaíonn**. *Nach é a bhealóidh gobaiste* 20, *nach é a chloigeann a bhealóidh gobáiste* 20, - focal a déarfai le duine a bheadh an-ramhar as a chloigeann. **béaláiste** : béiléiste, béiréiste. **béalchráiteach** aid. Tugtha den olagón, don bhéal bocht 20.

béal-leac *b.* Béillic 20.

béalóg *b.* 1. Bearna dhearg sa tine 20. *Fág ~ ar an tine* 20. *Brúigh isteach sa m~ é* [ciotal] 20. 2. Áit ar iomaire a mbeadh an chréafóg tanaí. *Clúdaigh an bhéalóg sin* 20. 3. Cúinne beag. *Doirteamaid isteach sa mbéalóg sin* 20. 4. An méid de lastas báid atá os cionn an tsal boird 24. . . . *a' fear a bhí na shlaoinne air a' mbéalóg riocht a bháite* 24 *creachann. Má atá ~ cúig nó sé go choranna eiri, 'béalóg mhór' a deirtear* 24 *bád.*

Bealtaine *b.* 1. *Lá buí ~ 20, lá Bealtaine. Tá an Bhealtaine ag cur air* 20, tá . . . ag cur eachmairt air [asal]. 2. *Crann ~, crann seaceamair. Sén crann seiceamar nó an crann Bealtaine mar a tugtar freisin air . . . 24 crann. 3. Ní réiteodh Samhain ná ~ iad* 20, ní réiteodh rud ar bith iad (lucht achrainn). *Nár réití Samhain ná ~ iad!* 20, focal a déarfai le lucht achrainn. 4. *Sé iontas lae ~ é* 19, is é an t-iontas is mó é.

bean *b.* 1. *An bhean óg* 20, an bhean nuaphósta. 2. *Is breá blasta an t-im é sin g'im mraí tí* 24 *im, . . . im .baile. Stocáí mraí tí* 20, stocáí a chríteálfai sa mbaile. 3. ~ *búrdála* 32, bean lóistín. ~ *giollaíocht* 19, banaltra. 4. ~ *Mhuire, ~ Domhnaigh* 19, ainmneacha ar bha.

Beanachair *log.* *Deoun mórán pré a bhí sa bhfear le snáth ná snáthad ach bhuaíl a bhean báire le ~, . . . ach ba í a bhean ba mheasa ar fad* 24 *fada. Tá goid agus goid ann acht bhuaíl a' ghoid sin báire le ~ 24 goid.*

beann *b.* Aird, meas. *Níl ~ ar bith ag an gKerry* [cineál práta] *ar an leasú* 19, ní théann an leasú i bhfeidhm air. (*Binn freisin* 19).

beannacht *b.* ~ *Dé dhuit!* 19 - ag moladh duine as a mbeadh ráite aige, nó go hiorónta ag cáineadh a chuid cainte. ~ *Dé dhuit, ní raibh a leithide ann* 19. ~ *le hanam a ndeacha uait ar shlua na marbh* 19 - a déarfadh duine ag gabháil buíochais leat as dea-scéal nó deá-ghníomh. *Mo bheannacht dhuit!* 20 - a déarfadh duine go hiorónta le scéal nach greidfeadh sé, nó dáiríre ag moladh duine. ~ *le ar (dh)úirt tú riamh* 19 - a déarfai le duine a mbeadh seafóid chainte nó bréaga ar bun aige.

beannaithe *aid. bhr.* *Ba é do lá ~ nár éirigh sé dhuit* 19, bhí an t-ádh ort . . . *Ba é an lá ~ dhó an lá a ndeacha sé go Sasana* 20. *Is é inniu an lá ~ 20* - a déarfai le lá báistí nuair a theastódh sin.

béar : méar.

béar *f.* *Dreas. . . . agus ní cheal nach math a' ~ cainnte a gheofa wofa* 24 *pósann.*

bearach *b.* Droim ard faoi chlocha ag rith amach sa bhfarraige. Bheadh sí leis le lagar taoide 20. *Bearacháí an Locháin* 20 (logainm). *Thíos ar na Bearacháí* 20.

bearail. Gliomach fireann 32.

bearbóir *f.* Gamhain a bheadh ag ithe eireaball gamhna eile 20.

bearbóireacht *a. br.* *Ag ~ 19, 20, (gamhna) ag ithe eireaball a chéile.*

beargún /b'ergu:n/ *f.* Seaicéad áirithe gan mhuintillí a chaitheadh seanmhná agus nafoinín 20.

Beargúinín 19 (ar nafoinín). *Ffr. beogrún.*

Béarla. *f.* *Chuirfeadh sé ~ i dtóin gabhair* 20, tá neart Béarla aige.

bearna *b.* *Bhí rud aige go dimhin, rud a bhí ag an mbó sa m~ 20* - ní raibh tada aige (- ach cac mar a bhí ag an mbó . . .). *Bhí sé ina staic i mbéal ~ 20, bhí sé ina bhambairne, i sáinn.*

bearnaíonn *br.* Baineann piosa (as cáca). *An a' goil a' bearna an cháca tá tú . . . 24 bearnaíonn.*

bearnóg lachan *b.* Luibh atá le fáil i bpoill criathraigh, a chuirtear ar phoitin le dath 'glas' a chur air 20.

bearradh *f.* 1. ~ *caorach* 20, bearradh míshlachtmhar gruaige. ~ *bradach* 20, *id. Deoun stró fós air . . . tíura sé bearra eile leis . . . 24 beo, . . . mairfidh sé tamall eile. Go mba slán ~ dhuit is go mbearrtar aríst thú* 19 - focal a déarfai le gasúr tar éis a chuid gruaige a bhearradh. 2. Féasóg le bearradh. *Tá bearra coicís air* 24. *Bíonn fear a mbíonn ~ coicís air tochasach go math* 24 *tochasach.* 3. ~ *a bhaint as, amach*, teacht leis, do ghnó a dhéanamh leis cheal a mhalairt. . . . *chathadh siad bearra a bhaint as le na fataí am suipéir* 24 *bream. 'Caitheamh [caithfidh] sibh bearra a bhaint as' a deir bean a' tí, nuair nach raibh aon annlan acu leis a' suipéar. Caitheamh mé bearra a bhaint aisti [as speal] anois go bhfá mé ceann nú 27.1441. . . . ach go bhfuil sé cho maith ~ a bhaint amach (a bhe sásta)* 24 *colainn.* 4. ~ *óil a bhaint dhó* 20, riar óil a fháil uaidh le súdaireacht.

bearrann. 1. (a) *Bhéarach sí luch 'na cola* 24 - le rásúr an-ghéar. (b) *Ba deacair é a bhearradh* 20 - a déarfai le duine cantalach. (c) *Beartha. Tá sé cho bearraí le easbog Chanterberaí* 24 *bearr, . . . le tóin nafoinín* 20, . . . *le easpag* 20, . . . *le sagart* 20. 2. *Piocann. Nuair a bhearrá na géamha, beó bheach siad. Ní dhéar é nuair a bheadh siad marbh* 24. 3. *Gearrann go snoite. Ag bearradh chloiche* 20.

beartaíl *b.* Cleasaíocht, beartaíocht. *Is minic a chloiseá cuir síos ar a' mbeartaíl tá an [in] sionnach* 24 *sionnach. Ní ra ~ ná caimeacht i dteach Mháire* 24 *sábhálann.*

beartaithe *aid. bhr.* Glic, cleasach. *Tá siad chomh ~ chomh imeartha sin* 20.

bearúcháí *iol.* Maidí treasna ar an leaba mar shraith 20, 31.

beart *f.* *Do bheart a tharraingt* 20, do bhealach a dhéanamh (go maith).

béatar *f.* Maide buailte. *Suigh síos nó tíurfaidh mé ~ dhuit* 20. *Bhí ~ de mhaide aige* 20.

beatha *b.* 1. *Bia. Fataí deireanach iad. Is fada go dteigheann siad air dhéana ~ 24 deireanach. ~ lámhe* 27.1237, beatha a thugann duine do bheithíoch. *A' fheous é an bheatha lámhe go na beithí bainne . . . 24. Tá do chuid ~ ite* 20, tá tú réidh, tá do chosa nite. *Tá do chuid ~ ite ach a mbearfaidh mise ort* 20. 2. *Saol. Sé a bheatha bheith ag amhraíocht* 20, is é an saol a thaitníonn leis . . .

beathaichte. Beathaitheacht. *Le teann ~ 20.*

beathaithe *aid.* Ramhar. *Chomh ~ le muic* 20.

beathú *a. br.* Má tá tú go do bheathú, níl tú go do mhúndadh 19 - focal a déarfai le duine mímhúinte. Fear mór trom a bhí ann a rabh i bhfad le cois iomarca ~ air 27.46 . . . raimhreach, feoil, air.

béice *b.* Béice 24.

béiceadán *f.* 1. Duine nó beithíoch mór ramhar. Tá sé ina bhéiceadán 20. Tá mé i mo bhéiceadán 20, tá mé ata lena bhfuil ite agam. 2. ~ a dhéanamh de dhuine, é a leagan. Rinne sé ~ dhó 20.

beigeacht *b.* Laghad. Is ar a bheigeacht 20, tá sé róbbeag. Ar a bheigeacht fós 20.

beigeáil *a. br.* Déircineacht. Ag ~ orthab 20.

beileasáilte *aid.* Bróga ~ 19, bróga a bhfuil an teanga ceangailte aníos go maith ar gach taobh.

béiléiste *f.* Deoch cheiliúrtha 19. . . . nuair a thagadh béiléiste na Nolac abhaile fadó gur minic a bhí trí sa ceathair go bhuidéil fuaisi ann in aisce . . . 27.185. An raibh tú ar an m ~ 20 . . . ag an gceiliúradh. *Ffr.* béiréiste.

béilí *f.* Béile. 1. Ní raibh ~ na hoiche aige 20, bhí sé fíor-ghocht. 2. Mhairfínn ar bhéilí sa ló i mBaile Átha Cliath 20, bhéinn an-sásta ann. 3. ~ a dhéanamh de, leanacht rófhada do bheith ag caint air. Ní shé an fear a mbeadh go leor le rá aige is mó atá i gceist ach a' fear atá g'iarra iomarca fad a bhaint as feabar ceard atá sé a' caint air. Durú lena leithide sin go minic dúineadh suas agus gan a bhe a déanamh ~ dhó 24. Níl aon mhaith dhom a déanamh ~ anois dó ná a' cuir síos níos fuaide air 24. 4. Údar ~, údar béadáin. Ní chuir mé lea suim sa scéul mar níor aire mé goil harm é ach na chineál údar béile 24.

béilic *v.* béal-leac.

béinneachán *f.* Béinneach 20. (béinneach freisin 20). *Ffr.* géinneach.

beilt *b.* Crios. 1. An chraobh (i gcúrsaí spóirt). Is aige atá an bheilt soir ann 20. Tuirfaidh mise an bheilt dhó ar a bhfaca mé ariamh 20. 2. Comhartha poist an gharda. Chaill sé an bheilt 20; briseadh as an ngarda é. Má tá an bheilt fhéin ort, caithfidh muid a gceart fhéin fháil 20.

beireann *br.* 1. ~ ar, téann i bhfeidhm ar. . . . Nuair a bheadh a' braon óil a' goil a breith air 27.1440. . . . ag dul i bhfeidhm air. Ó bheirinn a' braon air chor a bích níl aon stopaint ach a' goil amhráin air fad 24 gabháil. Duine a mbeadh breith ar a intinn aige 32, . . . smacht aige air féin. 2. (a) Ní fheicfeadh ag breith ar aon pháipéar é 19, ní fheicfeadh ag léamh aon pháipéir é. (b) ~ thall ar, beireann amuigh ar, faigheann bréagach. Cha sé bhfad go mo cheistníú hul ná rug sé hál orm 24 ceistníonn. (c) Bhí sé ag breith ar bhéal orm 32, bhí sé ag breith ar mo chuid cainte. 3. ~ suas ar. Bhí sé ag breith suas ar na deich mbliana fichead 19 . . . ag teacht cóngarach d'aois . . . 4. ~ isteach i. Tá sí ag breith isteach ina bean anois 20, tá sí ag fás ina bean anois. Tá sé ag breith isteach ann 20, . . . ag teacht suas leis (i rás). 5. Rug sé gearr air 20, thug sé aisfhreagra air. 6. Ní raibh breith beo a'm air 20, ní raibh seans ar bith agam air (é a fháil, a dhéanamh, etc.). Ní raibh breith báis a'm air 19, id. Ní raibh breith beo agum

an speal a chatha uaim 24 nead meach. Ní raibh breith beo acu ach léim a thabhairt amach 27.4, ní raibh seans aon rud a dhéanamh acu ach . . . 7. Tugann ar an saol. Tá sé sin ag imeacht ó rugadh ná daoine 32, . . . le cuimhne na ndaoine, le fada riamh. Ní aithneofá ná ch (fhéin a rug (fhéin 20 - le cailín a bheadh an-mheasúil uirthi fhéin. 8. Beirthe mar fhocal treise. Ní fearr ~ é 19, ní fearr ar bith é. Níl a fhios agam beirthe cé ndéacha sé 20. Deabhal a fhios agam beirthe ná beo ná baistí cé hé 20. Níl áon iontas beirthe ach . . . 20. Ní raibh aon rud beirthe chomh dona leis 20. Níor dhóidí beirthe nó bheadh sé ann 20.

béiréiste. Deoch cheiliúrtha. ~ an' bhaiste 20. Cuirfidh muid ~ air sin 20. *Ffr.* béiléiste.

beirteach *b.* Beirtreach 24. ~ oistri 19. ~ muiríní 19. (beirtreach 20).

béisín *f.* Méisín (mias bheag). Bhí ~ mhaide an im agus a' tim goití . . . 24 cuireann.

beisín *b.* 1. Asal bainneann 24. ~ na bPeadfós 20. 2. Bean éasca chainteach 20.

béithé /'b'e:/ 19, 24. Beithé. a' déanamh ~ dhaofa 27.64. Rinne siad béshé dó nuair a d'airridh siad air a' champa é 24 béshé.

beitheach *f.* 'Bírch'. ~ géal. ~ dubh 20.

beithíoch *aid.* Beathach. 1. Beo ~ le francaigh 20, lán le francaigh. Tá sé beo ~ fós i Meireacá 20, . . . beo bríomhar . . . 2. (Le treise) Dheabhal blas íosfas mé dhi tá sí fuar ~ 19.

beo *f.* 1. Ag cur bheo is mharbh thrína chéile 19, ag síoscadh cainte gan stop. 2. (Le feoil sho-ghórtaithe) . . . go [chomh] fada le troith gón bheo go dhriobal a' cheann [bó] eile 24 ceanglaíonn. Tholl sé go dtá an ~ mé leis an mbreathnú thug sé orm 20. 3. An ~ atá sa bhfiacail 20, an néaróg . . .

beo *aid.* 1. (a) Má tá mé ~ is é chuaigh soir an bóthar tráthnóna 20, tá mé cinnte gurb é . . . Tá daoine ~ beithíoch leob, . . . lomlán leo. Chomh ~ le meach 24. ~ drochmhúinte 20, sochorraithe gangaideach. Má bhímse ~, ní bheidh sé cruinnithe romham amáireach 20, geallaimse go gcruinneoidh mé féin roimh aon duine eile é. Má bhímse ~ is go gcaillfeadh mé beidh scallach orm 20, - focal a deirtear a dúirt duine faoina thórramh féin. . . . ach nuair nach bhfuil agat ach do dhá lámh cho fada le chéile b'fhearr dhuit ~ i dtala 24. B'fhearr liom ~ i dtalamh ná . . . 20. (b) (Le rud). Bhfuil bád Sh. Uí Ch. ~ ? 19, bhfuil sí i riocht a hoibrithe. 'Meastu' a deir sé agus é a breamú air na paistí a bhí air a' deacéad, 'a bhfuil blas ar bith ~ gon chéad ábhar a bhí ann? 24 paiste, . . . blas ar bith fanta den chéad ábhar . . . 2. (Mar fhocal breise). (a) (Le br.). Ní raibh a fhios aige ~ cé hé fhéin 20. Ní mé ~ air rugu air phoirtín aige mar atá ráite 27.1459. Is cuma liom ~ cén áit a gcuirfeadh mé 19. Ní chuimhním ~ ar an bhfocal 19. Níor aithnigh mé ~ i 19. Meas tú ~ cén áit a bhfuil . . . ? 20. I ndéara [an ndéarfá?] ~, cé tá ag ithe na n-éanlaí ar fad 24 éanlaith. (b) (Le 'gach uile'). Chuile uair ~ á dtagadh sé bhíodh an-oiche thimpeall air 20. Sin é an faisean a bhíodh ag chuile bhean ~ as Con-

amara 20. (c) (Le ain. gan 'gach uile'). *Ní rabh breith ~ acu ach cho mear is a bhí iontu, cúlú mach arís* 24 *bradáin*, ní raibh deis ar bith acu ach . . . *In áit a bích ~ 24 breac. Ní raibh aon lá ~ nár . . . 20. Níl aon teach ~ nach raibh sé ann* 20. *Deabhal uathbhás ~ ach a bhfuil de leoraíos ag goil siar* 20. (d) (Le aid.) *Cho luath ~ is a fuair sén seans . . . 24 ceapann. Cho luath ~ is a bhí sé réidh thug sé aghaidh ar a mbóthar abhaile* 27.70.

beogrún *f.* Beogrún /b'ogru:n/ 20, 19, /b'igr'u:n/ (?) 24. *Seaicéad-cabhach gan muinchillí ~ beag* 20, ~ *geal* 20. *Bigríuní 'a sleeveless garment like a bauneen generally dyed red worn by old women'* 24. ~ *bán* 19, ceann beag ar pháiste. *Ffr. beargún.*

beochan *a. br.* Éirí beo. *Tá an rabharta ag ~ 20, . . . ag teacht ar aghaidh.*

beoigh *br.* *Bheoigh sé ar a chois* 19, thosaigh sé ag siúl níos mire.

bert /b'ert/. Áit ar chriú báid. *Meas tú dá n-iarrfadh muid ~ air?* 19, . . . áit ar bhád iascaigh. *Tiurfaidh muid ~ dhó le goil ag iascaigh* 19.

b'fhéidir *f.* 'Féidearthacht'. *Chuil fhear 'sa ~ fhéin . . . ach cén ~ a bhfuil sibh a' goil ag obair air? . . . nó go dtugtar suas air báil air bhreithiúnas fear éicint gurb aige atá an ~ is fearr* 24. *Bhí fá eile ann ach níl ann ach ~ agum . . . 27.767. ~ go rabh ladar aige ann agus dhá ~ nach rabh* 24 *cúr. Sfh. Cailleadh faruor ach tá ~ beo* 20.

bia *f.* 1. *Bheadh ~ is beatha ann* 20. *Bheadh sé ag obair sa teach dhuit ar a bhia* 19 . . . gan de luach saothar ach a bhéile. *Is é an ~ agus an sruth fola é* 20 - focal a déarfá le rud a dhéanfadh an-leas duit agus a bheadh saothraithe go maith agat. 2. *Lár bog istigh i rud crua. Cionál ~ bog bhíos sna fiacla* 20. ~ *sa maidé* 20. 3. ~, ~! 20, glaoch ar thurcaí chun beatha.

biadh /b'iaw/ *a. br.* Riar bia. *Cé bhí ag ~ orthab?* 20.

bic *f.* *Anois tá an ~ cainte air* 19, . . . fonn cainte. *Tá ~ cainte i gcónaí ort* 19.

bicéad *f.* Rud mór, ainmhi mór ar bith. *Bhfuil tae sa m ~ sin?* 20. *Nach gránna an sórt bicéad iad* 20, - le tithe móra arda. *Nach é an ~ de dhuine é!* 20. *Ffr. spicéad.*

bideach *aid.* An-bheag. *Is beag ~ nach é an rud céanna é* 20.

billéad *f.* Milléad 20. (*milléad* 20 freisin).

billéad *f.* 1. Bleid chainte. *Níor chuir sé ~ ar bith orm* 19. 2. *Leag sé ~ orm* 19, d'iarr sé orm seasamh leis an rud a bhí sé a rá. *Leagadh ~ orm gur mé a rinne é* 19, . . . dearbhaíodh orm. 3. *Cé hé siúd ar ~ aige, . . . ar adhastar aige*. 4. *Tá sé ar ~ anseo anois* 20, . . . ar lóistín.

billéog *b.* ~ na saor 31, *Plantago lanceolata*.

binbíocht *b.* Gangaid. *Ag déanamh ~ atá sé* 20, le páiste cantalach nach sásódh dada. *Ag déanamh ~ ort* 20, ag déanamh bearráin ort. . . *le teann ~ 20. Tá ~ an deabhal ina chuid cainte* 20. (Mar a. br.) *Ag ~ orm* 20.

bind /b'in'd/. 'Slat lastais' ar an mbád. *Tá sí go ~ aige* 20, tá sí luchtaithe sa gcaoi is go bhfuil sí go

dtí an tslat lastais i bhfarráige. *Líon sé an bád i bhfoisceacht stráca go ~ 20.*

binbí *aid.* Binbeach 20. (*binbeach* freisin 20).

binid *b.* (a) Fairsingeacht. *Chuir Dia an méid sin ~ ann* [sa mbeatha] 20. *Chuir sé ~ ann* 20, chuir sé tuilleadh ann. (b) Substaint. *Dheamhan mórán ina chomhrá* 20. *Fuair mé an-bhinid ina chuid cainte* 20. *Sfh. Níl aon leigheas ar an Inid ach an bhinid a líonadh (?)* 20.

binne : beann.

binne *b.* Sciar féaraigh. *Chuirfeadh sé ~ ar an talamh* 19; . . . an líon beithíoch a bheadh ceadaithe dó.

binne *b.* 1. (Le sleán). *Ag baint in aghaidh binne* 20, ag baint le sleán nach mbeadh ar do dheis. *Ag caitheamh in aghaidh binne* 20, ag caitheamh (an fhóid) ar an taobh céanna a mbeadh binne an tsleáin. 2. (Le teach). *An bhinn bheag* 19; 20, an bhinn taobh istigh den teach a leagtar ná taobháin uirthi. 3. (Le seál). *Cuir ar thri beanna é* 20, fill é ina thriantán. *Tá sé ar thri beanna* 20.

binne *aid.* *Go ~, thar na bearta, go millteanach, amach is amach. Bhí sé ag báisteach go ~ 19, . . . iad ag troid go ~ 19. Chaill sé go ~ 19. Beidh tú in aiféala go ~ 19. Ag caoineadh go ~ 19. Fuair mé mo dhóthain go ~ agus é a thabhairt liom* 20, . . . breis is mo dhóthain. *Thug sé [beart oibre] a dhóthain go ~ dhó* 20. *Dhúin mórán sa siopa ach rud bhfuil a luach go ~ air* 24 *luach.*

binnehlaiseadh *a. br.* Blaisín teacht 19.

binneadas *f.* Binne. *Bhí an ~ ag baint leis* 20: *Ní raibh aon chinneadh lena chuid binneadas* 20.

bióg *b.* Geit. *Bás bíge* 20, bás obann. *Ffr. víog.*

biógail : víogail.

biógann 1. *Bhíog sé agam* 20, thosaigh sé ag tróid liom de gheit. 2. *Tá sé bíogtha aige* 20, tá an-dúil aige ann.

binse : minse.

binseán *f.* Suíochán d'aon duine amháin ar thaobh na tíne 19.

biolar : biorla.

bionda. *Ar ~, ar bis. Bhí sé air ~ imeacht* 27.1424. . . agus é ar ~ go woech sé é 27.1424. *Bhí chuile dhuine air ~ a ghoil aige* 27.232.

bioglóidí. Brioglóidí 20. *An duine is iontaí a dhíonfas bioglóidí* 19.

bior *f.* 1. ~ *plandaí* 20, bior caibeála, ~ *leathógaí* 20, maide biorach le leathóga a mharú. *Cuirfidh mé ~ faoi do shúil* 20 . . . méar faoi do shúil. 2. Duine caol caite. *Nach í an ~ !* 20. *Tá sé ina bhior* 20. 3. *Tá do shúile ar ~ a'd* 19, tá tú ag faire go géar. *Ná cuir do shúile ar birín ag faire air* 19. *Tá ~ cantail air* 20, tá dreach an chantail ar. *Chuirfínn ar bharr ~ é* 20, sháfaínn é le teann gránach ~ *in aon tsúil* 31, ainmhi aonair (bó, caora, etc. chomh maith le páiste). 4. ~ *beo*, beocht ar bith (sa duine). *Má bhíonn tú a' cuimrú air fad air, ní fhana ~ beo dhuit agus is géarr go leana tú fhéin é* 24 *cuimrionn*, . . . ní mhairfidh tú. *Níor fhan ~ beo dhiobh* 27.1460 - le dream daoine a cloíodh le tinneas. *Níor fhan ~ beo dhó, tá sé cho holaí sin*

24. 5. (a) (Le toirneach) plimp. ~ *toirní* 20. *Chaith sé ~ mór aréir* 20. (b) (Le sioc). *Tá sé ag caitheamh biorannáil* 20, ag sioc go trom.
- biorach** *aid.* Beo biogúil. *Sé a bhí ~ tá goirid ó shin* 20 – le seanfhear a bhí tinn . . . *é ina shuí go ~* 20.
- biorán** *f.* 1. *Bioráin stocaí* 20, bioráin criteála stocaí. ~ *smóil* 20, an tsnáthaid a bhíonn i smól an fhíodóra. 2. *Tháinig sé isteach is é múchta báite is ní thiúrfá dhá bhiorán air* 20 . . . *bhí droch-chaoi ar fad air. Shílfeá gur bioráin bheaga a bhí ag goil ina chosa* 20, le duine a bhí ag crochadh na geos agus é ag siúl go míshocair. *Shílfeá gur bioráin bheaga a bhí ag goil in a túin, tá sí cho iugóideach sin* 24. *Ní bféarain [bhéarainn] breán buí ar a' tsluaisteáil tá air, is measa dhá iompur i bhfad* 24 *sluaisteáil*, ba chuma liom, níor stró orm . . . *Níor bhfiú ~ buí go deó é go dtí an darna hoí dheiridh* 27.586, níorbh fhiú dada é . . .
- biorla** *f.* Biolar. *Bliain an bhiorla*, achar an-fhada, 'an tsioraiocht'. *B'fhaide liom ná bliain an bhiorla go raibh mé ar an talamh* 27.1330. *Diabhal a mbeidh costas a bhfuil faoi na shúile bailithe hart air a bparáiste go bliain a bhiorla aige* 24 *bailíonn*.
- biorúch** *f.* Barraíl crann, cipíní, géigíní. *Cé cha tú an ~ a bhain tú gon fáil* 24. *Ní bhéarach sé an ~ bhí ar a' gcraon a bhain sé dhúin . . .* 24. *Bhí muid a' bailiú an bhiorúch agus stop sé muid* 24.
- birín** : **bior**.
- bís** *b.* ~ *chainte* 20, fuadar cainte. *Bhí ~ achraínn air* 20. *Ar bís aige* [chuige] 20.
- biseach** *f.* 1. *Fataí bisigh* 20, fataí beaga a fhásann ar na barrainneacha agus a fhanann glas. 2. *Tá a bhiseach ar Dhia* 20, níl leigheas air mura leigheasfaidh Dia é. 3. *Duine nach mbeadh aon bhiseach faoi* 20, duine nach mbeadh ag fás.
- bisiúil** *aid.* *Beithíoch ~* 20, beithíoch a bheadh ag fás go maith.
- bith**. *Ar ~*, ar chor ar bith. *Níl sé ag tóigeáil ceann ar ~ as ól* 20, níl sé ag tóigeáil a chinn as ól ar chor ar bith. *Ní raibh mé ag cladach ar ~ i mbliana* 20, ní raibh mé an an gcladach ar chor ar bith. *Ní dhíríonn sé droim ar ~* 20.
- bitseach** *f.* Bitse. *Tá ~ de shlaghdán orm* 19, tá drochshlaghdán orm.
- biúgarnáil** *b.* *Ag ~*, ar beophianadh le himní nó le faíttos. . . . *agus mé ~ go n-imíodh sé* 27.879. *Tá; mé a' ~ air fhaitíos go rud éigin a tharla dóibh le nach dtáinig siad fós ó mhaidín* 27.1524.
- biúigeáil** *a. br.* Faire. *Ag ~ air* 20, ag faire air le súil é a fháil.
- blacaire** *f.* Duine leathan láidir. ~ *de ghasúr* 20.
- blacsam** *f.* Duine teann aineolach. *Sfh. Maróidh ~ ballachai* 20, déanfaidh aineolaí teann a ghnó.
- bladamach** *aid.* Bladrach, plámásach. *Bheadh sé an-bhladamach leat* 19. *Nach thú atá ~!* 19. (Bladarach freisin 19).
- bladhmaire, -acht : **blaomaire**, -acht.
- blaidhríoch** /blair'ux/ *a. br.* Bladhrach 20. (Blaidhreach freisin 20).
- bláfar** *aid.* Suáilceach, fáilí. *Tá sí ~ go leor nó go dtiocfaí ina linn* 20.
- bláibhéisc** *b.* Caint bhladhmannach. *Sin í an bhláibhéisc* 19.
- bláibhéisceach** *aid.* Bladhmannach. *Caint mhór bhláibhéisceach* 19.
- blaicéara** *f.* Duine leathan láidir 20.
- blaicín** *f.* Bróigín láí. ~ *na láí* 20.
- blaismínteacht** *a. br.* Blaisínteacht 19.
- blaispínteacht** *a. br.* Blaisínteacht. *Cloisim a' bhlaispínteacht is ní fheicim an bia is an té dhéanann an leathchuma, nár fheice sé Dia* 19.
- blao** *b.* Glao ~ *chluaise* 20, seabhrán sa gcluais. (anam duine atá ann ag iarraidh go gcuirfi paidir leis).
- blaoch** *a. br.* Glaoch. *Ní ag ~ san oíche ort é!* 19 – focal a déarfai tar éis glaoch os ard ar dhuine san oíche, rud nach ceart a dhéanamh.
- blaosc** *b.* Blaosc. *Tá an bhlaosc air* 20, tá sé as a mheabhair.
- blaoscán** *f.* (a) Turnapa a bheadh folamh ina lár 20. (b) *Tá sé ina bhlaoscán* 20, tá sé (cáca) róbhruite agus crusta róchrúa air. *Tá sé ina bhlaoscán ag an triomach* 19, . . . an-tirim (le feamainn, féar, etc.). (c) *Ó tháinig sé as an m~ bhí sé críonna* 20, ó rugadh é . . . (d) Duine a bheadh ag imeacht agus a cheann cromtha aige. *Nach é an ~ é!* 20. (e) *Cén sórt ~ thú fhéin!* 20, duine ceann-éadrom, duine nach dtuigfeadh an rud a déarfai leis. *Scread mhainne ort, a bhlaoscáin!* 20.
- blaoscánta** *aid.* (a) An-tirim agus éadrom dá réir. *Tá sí [feamainn] chomh ~* 19. *Tá sé [féar] an-bhlaoscánta* 19. (b) (Le beart, nó ualach). Scaoilte, gan a bheith pacáilte go fáisce. *Tá sé ro-bhlaoscánta* 19.
- blaomaire** *f.* Bladhmaire 20.
- blaomaireacht** *b.* Bladhmaireacht 20.
- blas** *f.* 1. *Tá ~ na gréine orthab* 20, tá blas orthu [prátaí] de bharr na gréine. *Dhá ngeobhadh sé ~ na slaité ní mhíllfeadh sé an cheo faoi* 20, dá mbuailtí le slat é . . . 2. *Cuma thaitneamhach. Tá do sceál insithe anois agus beagán blais air* 19. 3. *Dada. Níl aon bhlas dár chuir bacach ina mhála nach raibh ann* 19. ~ *ar bith ach go bhfeicfeá é, bhí sé chomh beag sin* 20, ar éigean . . . ~ *ar bith ach go mbídís ina luf* 20. *Níl sé ag feabhsú ~* 20. *Níl sé ~ níos fearr* 20.
- bláth** *f.* 1. 'Bláth' a tugtar air chupóg turnapáí man[golds] agus biatais 24. Bláthanna 'beet' 19. *Ní raibh fata de bhláth bliana agam* 20, níor fhás práta ar bith i mbliana agam. 2. *Cuma. Cén ~ atá inniu ort?* 20. 3. *Droch-chaoi (le híoróin). Cuirfidh an t-ól ~ air* 20. *Ní bréag a bich nach hí chuir a' ~ air* 24. 'Sén cúlodar ar thit sé isteach leofa a chuir a' ~ air 24. 4. *Meas. Is géarr a bhí ~ ná buíochas orm . . . as ucht mo chuid maitheasa* 24 *éadach*. *Bheinn dhá dhéanamh dhuit gan bhláth gan bhúíochas* 20. 5. *An ~ bán a chur ar dhuine, é a mhealladh, agus ansin loiceadh air. Sí a chuir a' cathú air imeacht lei go chuir sí an ~ bán air le na teanga, . . .* 24 *cathú*. *Chuir sí an ~ bán air* 19. 6. *Nach cumasach an ~ é ~ na gcaorach* 20 – focal a déarfai le píosa nua nó culaith nua ceann easna.

bláthach *b.* *A chrúba blátha!* 32 – le duine a ligfeadh do rud titim as a lámha.

bláthán *f.* Leathbhallach 20.

bláthbhúí *aid.* Búí éadrom ar an éadan. (Comhartha deiseachta é – ní ‘sallow’ é) 20.

bleabhacán *f.* 1. (a) Cairéad (geal) scéin a d’itheadh gasúir 19, 20. *Tá an talamh lán le bleabhacán* 19. (b) Rud ar bith cosúil leis, ‘giúrléad’. *Céardós deabhal de bhleabhacán é sin a’d?* 20 – focal a dúradh le gasúr a raibh píobán gé á shéideadh aige. (c) Bod (go háirithe le gasúr) 20. *Suigh síos is téigh do bhleabhacán* 20. *Bhí an ~ le feiceáil* 20.

bléadail *b.* Méadail, bolg, ~ mhór acub 19. *An bhléadail bheag* 19, ‘gall bladder’. (*Béadail* freisin 19).

bleadar *f.* Bolg. *Nuair a bhíos an ~ lán . . .* 20. *Dá n-íosfá ~ mór fatai* 20. *Tiúrfadh mé isteach ar bhleadar na bhfataí dhuit é* 20, buailfidh mé . . .

bleadráil *b.* Cabaireacht sheafóideach 20.

bleadrálaí *f.* Cabaire seafóideach 20.

bleaicéara *f.* Duine fiata dubhchraicneach 20.

bleaist /bl’áʃt/ (a) Bolg mór. *Bhí ~ boilg air* 20. *Scread mhaidne ar do bheaist!* 20. (b) Buille. *Bhuail sé ~ de chic air* 20. (c) ~ a feidhear. *Tá sé ina bheaist a feidhear stoirme* 19, ina stoirm mhór. (< ‘blast of fire?’).

bleaisteálann /bl’áʃda:lən/. Buailleann. *Bheaisteáil sé é* 20. *Thug sé a bheaisteáil dhó* 20.

bleaistéara /bl’áʃde:rə/ *f.* Fear mórbbholgach 20.

bleaistéarach /bl’áʃde:rəxt/ *b.* Bleaisteáil. *Ag ~ chlocha* 20.

bleid *b.* Araoid, dúshlán. *Chuir siad ~ orthab* 20.

bleitheachán *f.* Bruithleachán. *Tart bleitheacháin* 19, galar áirithe ar bheithigh.

bleánach *f.* Déan do bhleánach! 20, déan do chuid uisce (le gasúr).

bleánann. Blíonn. . . . *nach bhfuil fhios cén bainne a bhleánach beithí baine na hÉireann ó shoin* 24 *neamh. Tá an-fhéar ag na beithí anois, bleána siad go maith* 24 féar.

bléantrachán *f.* Fear ramhar athbholgach. *A shean-bhleántracháin lofa!* 20.

bléin *b.* ~ an chnoic 20, thíos faoi bhun an chnoic.

blí bóin *f.* Luibh áirithe. *Éiríonn sé dó ná trí troithe ar oirde réir mar atá uaibhreach ann . . . Is iontach a’ meáil slí a haggans air a’ gcois go phlanda nach bhfeiceá bláth ar bith air* 24. *Bhí blígh bóin nó bun dara mar tugtar freisin air, a gcúthach fáis a’ fás ann* 27.244. *Speala tú a méid feóchanáin agus blí bóithíní tá sa hpáirc sin amárach* 24 spealann.

bligeard /bl’ig’a:rd/ *f.* Tá ~ déanta aige [fear na stalach] di 20, tá an iomarca den stail tugtha aige di [don láir]. *Caipín an bhligeard* 20, caipín ar leathstuaic.

bliaín *b.* Ó tháinig an bhliain 20, ó thús na bliana. *Ní i ndeireadh na bliana rugadh thú* 20, – focal a déarfai le duine a thioctadh i láthair ag am béile, nó nuair a bheadh ól á roinnt.

blíosc *f.* Briosc 24. *Bó bhliosc go math le bleán í* 24. (*Briosc* 19, 20; agus freisin 24).

blíoscá *f.* Brioscá. *Síliú go mála blíoscá a bhí aige*

. . . 24 dóirteann.

blíoscán *f.* Brioslán. *Gort na mBlíoscán a tugtar air. Ní shin le rá gur blíoscáin atá a’ fás ann* 27.537. *‘Tá sé fás mar a’ m~’ mar déarann na daoine – le cur a bích fhásanna go maith agus éascaí* 24.

blíoscann 1. Déanann sobhriste 24. 2. Bogann chun faithiúlachta. *Blíonn an t-ól a blíoscá corr dhuine* 24. 3. Déanann briosc, sa chaint. *A loed na cupla pionta bhí óltaí aige, bhliosc sé sa gcaint an-mhór é sa gcaoi gurb iomaí rud a louir sé air* 24. *Ffr. brioscann.*

blíoslán *f.* Brioslán 19.

blíisceacht *b.* 1. Flaithiúlacht, brisce. . . . *air a gcreagaire atá an [ina] fhear siopa agus nach bhfuil aon bhliisceacht a’ baint leis* 24 *creagaire. Ffr. brisceacht.*

blíte *aid. bhr.* 1. Slíoctha, dea-chiortha. *Nach thú atá ~!* 20. *Chomh ~ le cut siopa* 20. 2. Plámásach. *Duine ~* 20. *Cut blíte é* 20, duine plámásach.

blíteog *b.* Súdaire 20.

blíúrach *f.* *Las ~ tobac dhom* 19, . . . píopa mór . . . *An-bhlíúrach ceoil* 19, an-phíosa ceoil.

blócán *f.* ~ tairbh 20, tarbh leathan láidir.

blócánach *f.* Blócán fir 20.

blógam *f.* Bolgam (iol. ~ *achaí*, ~ *aíl*) 20).

blóiniceach *aid.* Blonagach 20.

blumaire *f.* Duine ramhar liopasta 20.

bó *b.* 1. ~ *ghamhnach*, bó a bhfuil lao ina ghamhain aici nach bhfuil inlao arís fós, ‘strip-per’. *‘Ná santaigh cailleach ná sraoil agus ná santaigh an bhó ghamhnach go mbeire sí lao’* 19. 2. *Ní bheadh fhios agut faoi thalta na ~ finne cén chaoi ar mhair daoine fadó* 24 *boichteantacht. Ní rous aige faoi thalta na ~ finne cé raibh sé* 27.374. 3. *Níl fhios aige gan oiread le ~ ciod a bhí mé a’ rá* 24 *miníonn. Ní rous aguinn an-uair sin cho n-oiread le ~ chaoch ciod é ‘restitution’* 20 úll. *Níl fhios agum chon oiread le ~ chaoch anois cérb air a bhí an córá* 27.356. *Ní raibh fios a labhartha aige gan [ach an] oiread le ~* 24 *oiread. 4. (Leaganacha eile).*

. . . *a dhá láimh chomh fada le chéile ansin “go mbéaradh a’ bhó ríst”, sin go mbeadh muic nó gamhain le díol aríst acu’* 24 *boichteantacht. Sfh. Ar theanga na ndaoine is ar adharca ná ~* 20, is ar . . . a bheirtear greim. *Ní raibh aon dochar ann ach oiread le lao na ~* 20. *Tiocfaidh an lá fós a gheobhaidh an tseanbhó gnaithe dhá drioball* 20, *tiocfaidh aimsir le fós. Scréach a thiúrfadh ba bodhra as coillte* 20, *scréach an-ard. Chuir sé ceangal na ~ bradaí air* 20, *cheangail sé a chosa agus a lámha. ‘Ná air [nár] huga sé céad ~ le n-iníonn’ – an eascaíní bhí ag sean ndaoine air fhear siopa . . .* 24 *gortach. Nár chuire Dia an t-ádh ar do shúile ~ báite* 20 *gortach. Tá sé ina bhó mhór acub* 19, 20, *tá sé ina bhoc mór anois acu. Tá do dhóthain a’d, ná déan ~ mhór díot fhéin leis* 19, *ná hith (hól) an iomarca de. Leag uait feasta é [píopa] agus ná déan ~ díot féin* 19. ~ *mhagarlach* 20, *duine an-ramhar. ~ dhearg* 19, *fineog bheag dhearg.*

bobadhbh /bə'bau/ *f.* 20, 19. 1. ‘Badhb’ le faitíos a

chur ar pháistí. *Tá an ~ ag goil thart!* 19. *An ~ caca* 20. *Tiúrfaidh an ~ leis thú!* 20. 2. (Mar agall). *Ea! ~! nár dhé an chontúirt é!* 20. 3. Priompallán 19.

bobogha /bo'bau/ f. ~ *báistí* 20, bogha ceatha.

boc¹ f. 1. *'B'shin fear a d'eiri sa saol go maith faoi na máistrí. Cineál leath fear uasal a bhí sa m~ ach ceapú nach ra mórán uaisleacht a' baint leis'* 24. *Teach na mBocana thugadh a' sean dream air [an 'County Club' i nGaillimh]* 27.739. 2. ~, mór, an deabhal. *Cé a bhí aige [chuige] ach an ~ mór* 20. 3. *Nach é an ~ báire é* 20, buachaill báire. 4. ~ boise. *Thug sé faoi ar bhoc na boise é* 20, . . . ar an bpointe. *Bhí sé i m~ boise a'm dhó* 20, bhí sé istigh agam dó. *Bhí sé i m~ boise agam le tabhairt dhó ach rinne mé dearmad* 20, bhí sé réidh agam . . . 5. *Giorria fireann* 24. 6. *Béal boic. Fuair sé i mbéal boic é* 20, fuair sé go héasca é. *Fuair mé ina bhéal boic é* 19, id. *Bhí béal boic a'm* 19, rug mé (ar rud a caitheadh san aer) i mo dhá lámh.

boc² f. 1. *Poc. Leithphíneachai is craipí dhá chuir ansin acu air a' té is fuide a chuireach a'* ~ 24 *crap* (sa geluiche cead boic). 2. *Ba ghearr gur bhuail a' ~* (20, . . . an taom tinnis (farrage). *Sé an, ~ a bhí air* 20, is í an aille a bhí air. 3. *Is iomaí ~ a bhain an saol as* 20, is iomaí cor . . .

bocáí f. Buachaill báire. ~ *báire* 20.

bocadán f. Fear beag leathan dea-dhéanta. *Staicíní deasa dea-dhéanta nach ra árd agus iad cho rounnáilte le má(a) arúir . . . bocadán dheasa íseala a bhí in chuile fhear acu* 24. . . . *gur bé an ~ cruia láidir fós é* 24.

bocailéaró f. Buachaill báire 19.

bocarnaíl b. Bocáil ar bharr na farrage. *Bhí sé ag ~ isteach a'm i mbéal toinne* 20. *Tá sé ag ~ aniar* 20.

bocó f. Fear neamhphósta a mbeadh páiste aige 19.

bocht *aid.* 1. Deas macánta lách. *Seán Forde a bhí na ghlúistís san am sin agus diabhal ceó a d'fhéad a rá leis a' bhgear ~* 27.774. 2. *Tá dath an-bhocht air* 19, . . . mílíteach (le tinneas). 3. *Is ~ an rud an duine* 32, is furasta an duine a ghortú. *Ffr. béal.* 4. *Chomh ~ leis an uisce* 19.

bochtán f. Duine bocht. *Bochtáin Dé* 20.

bod f. 1. *Tá do bhod amuigh!* 19, tá tú mícheart, ag dul amú ar fad. 2. ~ *ar dris* 19, duine a bhíonn lán de spraoi is de cheol taobh amuigh, agus dúr gruama sa mbaile. *Má thagann an ~ ar dris arist inseoidh mé rud eicint dhó* 20 - le scuracháin a spreag déistean. 3. *Tá a fhios ag ~ an bhóthair é sin* 20, tá a fhios sin ag gach duine. 4. ~ *an tseoil* 20, an maide a chrochas na húmacha i seol an fhíodóra.

bodaí mhaoilín (f.?). 1. Ainmhi (caitín, uainín) beag dona, bricín beag 20. 2. Cárta beag dona ar nós dó muileata 20. (*Bodailín maoilín* 20 freisin).

bodaireacht a. br. Imeacht thart go díomhaoin, leadaíocht. *Ag imeacht ag ~ leis* 20. *Ag ~ shiúil* 19.

bodalach f. 1. Bod capaill 20. 2. . . . *agus aghaidh do bhodalaigh siar* 20, (ag marcaíocht ar asal) agus do dhroim lena chloigeann. 3. ~ *fir* 20, fear

míthuisceanach mímhúinte. ~ *mná* 20. ~ *óinsí* 20. **bodalám** (f.?). ~ *óinsí* 20, bodóinseach.

bodhaireadas f. Bodhaire 19.

bodhar *aid.* 1. Neamhshuimíúil, ar nós cuma liom.

Bhíodar ag éirí ~ ina gcuid oibre 32. 2. Éadrom. *Móin bhodhar* 20. 3. Crionta, lofa. *Adhmaid ~* 20.

bodhrail b. Bodhaire 20.

bodhraíonn br. *aís* agus *n. aís.* 1. Baineann an mothú as. *Tá a lámh bodhraíthe* 20. 2. Tugann chun bodhaireacht fuaimhe. *Tá sí [cloch] bodhraíthe agam* 20, tá torann bodhar anois aici [de thoradh scoilte]. *Tá sí ag bodhrú* 20, tá torann bodhar ag teacht inti [cloch].

bodhránach f. Ainmhi bodhar. *Ní bheadh Pat [mada] slat roimhe ná 'na dhiaidh ach 'na bhouránach grána féasógach a' siúl amach len a thaobh* 27.421.

bodhránta *aid.* Maolaigeanta 19.

bodhrántacht b. Bodhaire. *Níl mórán ~ air siúd, tá mé ag rá leat* 20.

bod-iascach f. Iascach neamhsclíúil, iascach leis an lá a chaitheamh 19, 20.

bod-iascaireacht b. Bod-iascach (q.v.) 20.

bodlamán f. Duine garbh dícheilléil 20.

bog *aid.* *Súile boga* 19, súile móra uisciúla. *Tá sí an-bhog ina dhiaidh* 19, tá cion mór aici air. *Caint bhog* 20, caint mhíshoiléir. *Crúba boga* 19, 20, lámha nach bhfaighfeadh greim docht ar rud, a ligfeadh do rud titim. *Slaghdán ~* 20, slaghdán smaóiseach. *Tá siad cho ~ le bunanna cabáiste - sin fataí uisciúil nach fú a ithe* 24. *Tá sí cho ~ le póirtín na luaith - sin creafóig bhred shaortha. Tá frusta oibríú* 24. *Chomh ~ le gruth* 20. *Tá sé cho ~ le cac lacha* 24. *Tá sé cho ~ le ainm a' choill i mBéarla* 24, 20.

bogachan a. br. Bogadh. *Tá na fataí ag ~* 20.

bogadh f. 1. *Baol ná ~ baol ná seans go . . . Ní raibh baol ná boga ormsa cois a chuir faof an* 27.173. *Dheon baol ná bog'orm, tastaíonn sí gear go leór uaim hén . . . 24 fluíd, níl seans ar bith (go ndéanfainn . . .)* 2. ~ *shín* 20, flaitheúlacht. *Ní raibh aon bhogadh shín iontab* 20.

bogán /buga:n/ f. Súil mhór bhog. *Tá na bogáin sách mór aige* 20.

bogann 1. 'Sé bhog as go deas 24, is é a tháinig saor as [an gcúis dlí] go deas réidh. 2. Romhraíonn. *Bhog sé amach go breá é [garraí]* 20. *Tá sé bogtha ó ghaineamh antos aige* 20. 3. Gluaiseann go réidh. *Tá sé ag bogadh isteach san nois feastach* 24. 4. *Tá an lá ag bogadh amach chun báistí* 20, . . . ag éirí bog (tar éis seaca).

boga(r)lach b. 1. Duine bog ramhar 20. 2. Áit bhog bháite. . . . *an áit ina bhogalach* 20. *Bogarlach bháite* 20.

bogarnaíl a. br. Bogadh, luascadh, corraí. *Ceathrar ag ~* 20 - le siní na bó. *Ag ~ shiúil* 19, ag corraí ó thaobh taobh le linn siúil, mar a dhéanfadh sean-duine, nó páiste óg. *Ag ~ síos an bóthar* 19. *Ag ~ leób* 20. *Tá ~ bheag san uisce* 20. *Ag imeacht ag ~ le gaoith* 20 (le curach). *Bhain an saol ~ mhór as* 20, bhain sé coranna móra as.

bog-éan *f.* *Ní* ³ *Fómhair* é 19, (a) ní duine, beithíoch, bog lag é, (b) ní duine bog-intinneach é ar féidir dallamullóg a chur air. *Ní ~ Fómhair a bhí ansin ach colleach ceart Márta* 19.

bogha *f.* *Níl a fhios agam faoin mí ~ bán céard* . . . 19.

boghailéad *f.* Duine trom téagartha. ~ *d'fhear*, ~ *de bhean* 20. *Ffr. moghailéar.*

boghai(l)spliot /bausp'lít, bausp'it, bausp'it/ 19. Bowsprit. ~ *de shróin air* 19, srón mhór.

bog-eibhinne /,bog'ev'ín'ə/. Áit an-bhog sa bportach. *Tá sé ina bhog-eibhinne* 20.

boglachán *f.* Capall bog 20.

bogrithe *a. br.* Rith go mall. *Chonaic mé é a téacht agus é a' ~* . . . 27.497.

bogshneachta *a. br.* Cur sneachta bhoig fhliuch 20.

bogshodarnail *a. br.* Bogshodar. *Ag ~ 20. Ag imeacht ag ~ 20.*

bog-úr òbhr. *Caoineadh go ~ 20, go bog is go fras.*

boicín *f.* 1. Searrach óg 20. 2. Duine leitheadach 20.

boideoide /,bo'd'ó:d'ə/ *f.* Ábhar síorchainte tuirsiúla. *Rinne siad ~ dhó sin ar chuma ar bith* 20. *Ba é an ~ acub é* 20.

boidín *f.* Scread mhaidne ar a bhoidín bardail 20 – focal a déarfai le fear a chuirfeadh cailín ó chrích.

boidínteacht *a. br.* Fidleáil, iarraidh mhíchumasach ar rud a dhéanamh. *Ag ~ iascach* 19. *Ag ~ chaoineacháin* 19.

boige shíne : **bogadh** (2).

boigeacht *b.* Sómas. *Thóg sé clann mhór . . . nuair nach raibh mórán ~ ag imeacht* 27.561.

boigiún *f.* Bogshifín. *Ní raibh samhail ar bith agum ach mar bheadh gas boigiún lá feóchain a' déanamh air* . . . 25.557, bhí mé ag creathadh le teann faitis.

boighdeán *f.* 'Praiseach', manglam de mhias le n-ithe. *Tá ~ díonta agat dhó* 20. *Cén sórt boighdeáin atá díonta agat inniu?* 20.

boigréis *b.* Flaithiúlacht 20.

boigréiseach *aid.* Flaithiúil 20.

boilgín *f.* 1. Súilín ar uisce. *Ag déanamh boilgíní ar an uisce* 20 – a bhí mór trom báistí. 2. *Boilgíní uisce* 20, síol froganna.

boilgíneach *aid.* Faoi shúilíní. *Uisce ~ 20.*

bóin 1. ~ *Mhac Dé* 24, bóin Dé. 2. ~ *bhainne* 20, feithidín bheag dhearg (ní bóin Dé é). 3. ~ *bliochtáin*, bainne bó bleachtáin. . . . *b'aisteach a' ghlóire na pincíní beaga, na ~ [i] bliochtáin agus na seilíní [i] cuacha* . . . *Is minic a bhí péarsaí dó faoi bhrat bóiní bliochtáin* 27.1480. 4. ~ *bó (mó) bleachtáin*, bainne bó bleachtáin. . . . *leis a' chéad bhóithín bó bleachtáin a fheiceas tú ina ghlóire faoi bhun sceiche* 24 *treabhdóir*. ~ *mó bleachtáin* 24 *pincín*. 5. Cineál éisc, cosúil leis an mangach, bhíonn ag imeacht leis na scadáin 20.

boinnín /bu:n'ín/ *f.* Cnaipe bóna léine 20.

boirdéis 1. Bruach(anna). *Thóg seisean seilbh air a raibh go thalamh air fóghna hart air a gcaisleán agus b'éigeann go na daoine cuir faofa air na ~* 27.132. *Cha muid a' lá a' fíach hart air bhoirdéisí an bhaile* 24 *fiachann*. 2. *Ar bhoirdéis, ar na*

boirdéiseacha, ar tí. Ar na boirdéiseachaí 20, ar tí tarlú, ar tí teacht. *Meas tú bhfuil an seic ar na ~?* 20. *Ar bhoirdéis an bháis* 24. *Ar bhoirdéis a bheith déantaí* 24. 3. *Ag ~, ag brath ar thosú. Tá siad ag ~ anois* 20.

boiric-ó-ciú. Duine beag bídeach, cárta beag dona 20. *Níl agam ach ~ 20.*

boisín *b.* 1. (a) *Ag déanamh ~ le éadan* 20, ag déanamh 'scáthán ladhreach', ag cur do lámhe os cionn na súl mar scáth ón solas. (b) *Leagfaidh mé do shúil ar do bhois* 20, bainfidh mé do shúil asat.

(c) *D'íoc sé amach ar a bhois é* 20, . . . ar an bpointe. (d) *Bos a bhuala air mo mhása a' tóirt a dhubhlán ní b'fhearr . . .* 24 *ritheann* (comhartha dúshláin). (e) *Thug mé greadadh bos dhó* 20, bhuail mé é. 2. (a) ~ *an chip*, an chuid de a mbeadh bonn na bróige anuas air. *Tá ~ briste ar an gceap* 20. (b) *Uachtar miotáin. Bosa amach orthab* 20. 3. (Le duine beag tanaí). *Chuimléa de do bhois é* 20. *Shéidfinn de mo bhois é* 19. *Thiúrfá leat ar do bhois í* 24. 4. (Le cúrsaí ama). *Ar an nóiméad boise* 20. *Ar an toirt boise* 20, 19. *Le iompú do bhoise* 19, ar an bpointe. 5. (Le cártaí). *Tá sé le ~ 20*, tá an cárta atá le iompú in íochtar na coda atá i mbois an roinnteara. 6. *Tá a anam ar a bhois aige* 20, tá saothar air ag deifriú.

boiseog *b.* *Ag déanamh boiseogaí* 20, ag déanamh boisíní (q.v.).

boisín *b.* 1. *Ag déanamh boisíní* 20, ag imirt cluiche gasúr ina leagann siad na bosa os cionn a chéile. 2. *Ag bacsáil le lámha oscailte. Ag boisíní a ghabhfas muid?* 20. *Bhí siad ag boisíní* 20. 3. *Miotóga nach mbeadh méara iontu, ach go mbeadh clúdach iontu ar leath na hordóige* 19.

bóithrín *f.* 1. ~ *bó*, casán dearg. *Rinne sé ~ bó ann* 20, thagadh sé go minic an bealach. *Tá sé ina bhóithrín bó a'd agoil ann* 20. 2. ~ *dearg*, casán dearg. *Bhí an bealach na bhóithrín dearg, ní raibh ort ach a' casán a leanacht* 27.1104. *An casán atá buailte aig sionnach nó broc nó aig giorrfhia thríd thom a' goil chuig a leaba dhearg is ~ dearg a tugtar air. Fear óg a theigheas trasna thríd gort is garraí a' déanamh aithecara chuig cailín . . . deirtear 'go bhfuil sé na bhóithrín dearg aige a goil chuic'* 27.332.

bólach *f.* Bólacht. *Ní raibh ba ná ~ aige* 19, 32. *Bhí ~ maith beithíoch aige* 19. *Beithíoch ~ 32*, beithíoch ar bith a changlaíonn an chior.

boláíocht : **balairéacht**.

bó leithe /bo:'l'e:/ 32, /bo:'l'ehə/ 19, bóleathóg.

bolg *f.* 1. ~ *a thabhairt do bhia*, taitneamh a thabhairt do bhia. . . . *ní bhéaradh siad ~ go bhunani* 27.85. *Ní thiúrfainn ~ dó* 19. 2. *Bíonn beirt in aon bholg agus ní hionann iad* 20 . . . in aon bhroinn . . . *Fear graíúil a bhí ann agus gach a dtáinig as aon bholg leis* 19. 3. (Le hocras). *Bhí a mboilg shiar air a ndroim le ocras . . .* 24 *tine*. . . . *níor fhiarraí sé chun oiread dom a raibh béul orm agus mo bholg shiar ar mo dhruim le ocras* 27.309. 4. *Dhéanfais rud ar bith ar a' ~ 19*, . . . ar airgead lena mbeathú. *Bhí an pailicéara fíor-*

chontúirteach. D'inseodh sé rud ar bith ar a bholg 19. 5. (Cúrsaí dubróin) agus a chroí shíos in a bholg . . . 24, é go dubróinach. . . agus fua mo chroí síos in mo bholg nuair a dúirt sé é 24 taisce. 6. (Mar fhoinshe cainte is eolais). Gach 's a bhfuil i mo bholg tá sé i ndáil le bheith insithe dhuit 19. D'inseodh chuile shórt dá raibh ina bholg dhuit 19. B'fheárr leis a' mbean gur ina ~ a choinneódh sí a teanga 27.631. Cabannaí móra ní ra siad in an a' méid sin héin choineáil i na ~ 24 cab. Choinne sé a theanga na bholg agus níor louir sé smid 24 coinníonn. . . . d'fhéad sé a chuid cainte a choinneáil ina bholg 24 rith. . . . a' meáil eascuiní a chuireadh siad amach as a mboilg . . . 24 deireadh. . . . fios mhath agum nach ra aige ach ~ bréaga 24 cuireann. 7. A bholg ag córá leis, speabhraidi meisce air. Níl dout a bich nach ra daoine ann a mbíoch a m ~ a' córá leof a' tíocht abhaile oieantaí sairn . . . 24 súlacht. Tá fear eile ann a chuireas achrann air fhear nuair atá a bholg a cómhra leis 24. 'Níl sé air a' doun aon fhear go maith liom' déarannas cour dhuine, nuair a bhíonnas a bhlog a' córá leis 24 domhan. . . . a liachta fear a rinne gaisce agus spleódar nuair a bhíodh a bholg a' córá leis 27.436. 8. Boilg an lae, lár an lae. Bhí sé thart ar bhuilg a' lae an uair sin 24. aireach. . . . leanfha mise hart air bhoilg a' lae thú 27.292. I mboilg an lae 19. Tarrlíonn sé cour uair go bhfán duine bás ar bhoilg a' lae . . . 24 plópa. Hart ar bhoilg a' lae feice tú éun geal a' luíomh ar a' gclai 24 sábhálan. 9. Duine eicint a raibh an deabhaí ina bholg 19, . . . a raibh droch-intinn aige. Bhí an deabhaí i mo bholg ceart 27.1095, bhí mé lán le deabhlaocht. 10. (a) ~ gaoithe, galar ar ghamhna. 'Ní maith é an bolag gaoithí air gouna 24. (b) Boilg theangan 19, galar beithígh a leigheastar le féith éigin sa teanga a ligean. 11. ~ an deamhain 20, feithide uisce, 'tad-pole' (?).

bolgach b. 1. Bhí sé i dteas na bolgaí ceart 24, bhí ard-ghúmar air le teann teaspaigh de bharr óil. 2. Íocfaidh tú ~ 20, focal bagrach a déarfaí le gasúr ábhaileach. Gearradh sa m ~ é 20.

bolgam : **blogam.**

bolgán f. 1. Bolgán feamainne duibhe 19, meallóga beaga ar an bhfeamainn dhubh. 2. ~ gréine, bolg le gréin. Bhí sé laointí ó chluais go rubal a' díona ~ gréine 24 laoineann. 3. /bluga:n/, boilg leanna. Chuir sí amach a ~ 31. 4. Tá sé ina bholgán béice lena bhfuil ite aige 20, tá sé ramhar séite . . .

bolgóg b. Bolgód. Bolgóg ar uisce fiuchta 19. Bheadh bolgóg ar an bhfarraige le teann tréanadas báistí 19.

bolmán f. 1. ~ béice 20, duine cainteach ar dghlórach. 2. Rinne sé ~ béice dhó fhéin 20, d'íth sé an iomarca.

bolmánta aid. Is ~ na súile atá ann 19, is mór bog na súile . . .

bolsaire f. 1. ~ boird 20, pearsa sa seanscéalaíocht. Ní thuigtear a ghnó anois. 2. Ainmí an-ramhar. ~ de chapall liopasta 19.

bolstaic /baulsdax'/ f. 1. Tarbh nach gcaillfí go

mbeadh sé cúpla bliain 20. 2. Bean mhór cheann-dána 20. Mac ~, - ainm drochmheastúil míchruinn. Tá mac ~ ag goil aniar 20. ~ d'óinseach 20. (< 'bull stag').

bó mhéaraí /bo:v'e:ri:/. Luibh áirithe. . . . sí brúit an luibh a dtugtar bó mhéirí eirí, an loes tá ag daoine bochta air a' mbrúithleachán dearg nó mún fola . . . 24 brúithleacán.

bonn¹ f. Piosa ceithre pingine. ~ is leith-phín bhí air a bpionta, nár mhath a' saol an uair sin é 24. Cheithre boinn 20. Dhá bhonn is leithphinn 20.

bonn² f. 1. Cuirfidh mé le ~ é 20, féachfaidh mé lena fháil amach cén bunús atá leis. Níor cuireadh aon bhonn leis 19, níor tugadh faoi [obair] ar an gcaoi cheart. 2. ~ ar bhonn, ar chothromaíocht le chéile. Fua muid ~ air bhonn leis a' toirt sása dhó sa domáiste a rinne na beithí air a churaíocht. Shocra siad ~ air bhonn le chéile 24. 3. Sna boinn ag duine, go gar ina dhiaidh. 'Suas na boinn acu' - sin iad a dram bu goire dhaofa in aois g'éirigh suas na bhfir óga 24. ' . . . atá siad a' téacht sna boinn aguinn', sin nach rabh siad i bhfad do dhiaidh 24. 4. 'Bhí siad a' cur náire air bhonnachal mo chos' a deir sé 'nuair a chonaic mé an mí-mhúinadh a bhí siad a chatha leis an dream uasal . . . ' 24 náire. Chuir sé na boinn as a chionn 20, thit sé. Cuirfidh mé na boinn os do chionn 20, leagfaidh mé thú. Ní bhuaillfidh sé ~ a chois ar an talamh go deo arís 20, ní éireoidh sé ón leaba arís. 5. Ní raibh aige ach bonnaíochal 20, ní raibh tada aige. Dhiún blas agat ach bonnaíochal Shedin Uí Fhathaigh 20, dheamhan dada agat de bharr do chuid oibre. Bonnaíochal fuail 19 - leas-ainm ag cailíní ar an bhfíodóir mar gheall ar fuaí a oibríú leis an úradh a bhaint. 6. Is cuma liom faoi bonnaíochal an deabhaí céard a dheanfá; tú 20, is cuma liom sa tubasta . . . Ní raibh fhios aig a mbeirt a raibh an bád acu faoi bh-inn-chaí chlam-pair cén chaoi 27.1075, . . . ó thiamh an domhain . . . 7. Rachaidh siad faoi bhonnaíochal an deabhaí anois . . . a' cuartú sí craobh 24 sí craobh, tá oiread tóir acu orthu is go rachaidís i gceantúir mhór mar rachach siad faoi bhonnaíochal an deuil sa tóir air [iasc] 24 scadán.

bonnán léana f. Naoscach bhaineann 31.

boral f. Dada. Feabhal ~ a bhí aige 20, . . . dada . . . (de bharr a shaothair).

bord f. 1. (a) (Ball troscáin). ~ éadain 20, bord beag le h-ic balla. B'fhurasta é a chur 'un boird 20, b'fhurasta é a bheathú. Bhí sé in ann a ghoil 'un boird le duine ar bith 20, bhí sé in ann é féin a iompar go hoiriúnach i gcomhlúadar ar bith. (b) Gabhann cúirte. Sí an cheistiú chrua a fuair sé ó thornae agus é air a' m ~ . . . 2. (Leis an mbád). (a) Is mór an siúl atá aici le gaoth an bhoird 20 . . . le gaoth ina taobh. Gheofa tú ar aon bhord é go dté tú abhaile 19, ní bheadh ort aon bhordáil a dhéanamh. Bhí gaoith bhoird aici 19, bhí an ghaoth ar an taobh aici ar feadh an ama i gcaoi nach raibh uirthi bordáil. (b) Bordáil. Bhí bourd anonn is bord anáil [aige] agus é a' siúl na sráide. Bourd á dtug

sé thit sé isteach i mullach fuineóige 24 ceapann. (c) Tá dhá bhord air a chuire bhád 27.137, tá dhá thaobh ar gach scéal. Tá bord eile air a' mbád . . . 24 fódaíonn, tá taobh eile ar an scéal. Níor inis sí ceart duit é. Chuir sí an seol ar an m ~ eile 19, . . . chuir sí casadh ar an scéal. 3. (Le lastas). . . beainn na gearca geala, agus ~ a' bhucéid aici daofa 24, . . . lán an bhucéid. Bhí ~ na gcléibh aige 20, bhí na cléibh lán go bord, ach ní raibh maóil orthu. ~ na cruibe de mhóin 19, lán na cruibe. ~ an chupáin de tae 19. Dhá fhód as cionn boird 19. 4. Ag leagan boird 20, ag leagan imeall na n-iomairí leis an ngarraí a chothromú. 5. ~ ar bhord. Tá sí ~ ar bhord leis na trí scór 20, tá sé beagnach na trí scór. Bhí siad ~ ar bhord le chéile 20, beagnach cothrom le chéile.

bordálann 1. Tornálann. . . go dtosaíoch siad a' boudáil a' bháid agus a cuir L. bocht as a chiall le faitíos 24 cuireann. 2. Imíonn anonn is anall. Bhouardáil muid linn gan puis gan deifir 24 farraige, shiúil muid linn . . . Ag bordáil timpeall 20, ag siúl thart. Tá sé ag bordáil 20, tá sé [duine] ag tabhairt dhá thaobh an bhóthair leis. 3. Ag bordáil chodlata 20, babáil chodlata.

borradh f. 'Fulcrum'. Tóig ~ 20. Cuir ~ faoi 20. **borradh-phéist b.** 'Carbuncle'. Is mílteach í pian a' bhorra-phéist 24.

bos : bois.

bosach, -án, -saíl : basach, -án, -saíl.

bosca f. 1. Craiceann práta a bhfuil an bia ite as. Is suarach an mhaith . . . a bhe a' cuir fhataí . . . agus gan agut aríst aimsir a mbaint ach boscaí go bháir ar péist rua na gcos 24 suarach. Ní fiú bhe dhá bpiuca . . . Níl iontu ach na boscaí 24. 2. Blaosc (seilme, gráinneog) Nuair a fheiceas tú na seilimídí . . . agus gan iontu ach na boscaí 24. B'fhrusta aithne ar na boscaí bhí oru [seilidí] é - an daíth bhí ar go leor acu 24 seilimide. Is deacair dranna leis a' ngráineog nuair a thairneó sí an ~ aniar eirí héin 24 gráineog. 3. An t-iarann taobh istigh de bhloc acastóra 20. 4. An chuid d'iarann na sluaiste atá timpeall ar an gcois. ~ na sluaiste 20. D'fhéatadh orlach créfoige a bhe air bhosca na sluaiste 24 róstann. 5. Bíodh a' deabhal ag -! 19, is cuma sa tubaiste! bíodh aige! Bíodh a' deabhal ag ~, mura bhfuil sé in am aige tíoct abhaile! 19. Ffr. buiscín.

boslach : baslach, faslach.

both. Níor thaobhaigh mé teach ná ~ ó mhaidin 20, níor fhíll mé ar ais abhaile ó mhaidin.

bóthar f. 1. ~ an rí 20, an bóthar mór. Ag baint an bhóthair óna chosa 20, ag imeacht leis go tréan. Le haghaidh an bhóthair 20, le haghaidh an aistír. An ~ a ghiorrú 19, 20, an t-aistear a ghiorrú (le caint, scéalaíocht). Duine deas oeneasach bhí ann air bhóthar is air bhealach 24 aighneasach, . . . nuair a chasfaí ort amuigh é. Nuair a bhí chuile dhuine cuartaí acu fuair siad cead bothair aríst 24 tugann, . . . cead imeachta. 2. 'Níl aon ghnatha 'gum go do leithide' a deir sé, 'a tabhairt bothar Shiúbháine dó 24 naofacht, . . . á bhriseadh as a phost. Ní ra le

díona acu air bál nuair a bhí clistí oru ach cead Bothar Shiúbháine abhaile a thóirt dó 24 maitheann, é a chur nó a ligan chun bealaigh. 3. Bhí ~ faoi 20, bhí caint ghaisciúil ar bun aige.

bothóg b. Bráca a dhéanfaí i scailp nó i ndumhach, a mbeadh a chloigeann ar leibhéal na talún, líneáil cloch leis na ballaí istigh agus maídí faoin gcloigeann scraithe 19. Cailleach na bothóige 19.

brabach f. Is caora bhradach a bhaineach ~ dhó 24 seasann, is deacair brabach a bhaint de.

bráca¹ Ná téirigh amach gan ~ eicint ort 20. . . clúdach eicint.

bráca² : práca.

brách¹ f. 1. Deireadh an domhain. . . go lá an bhrách 20. 2. Níl a fhios go ~ cén t-iasc atá ag Seán sin, tóigthe le seachtain 20, níl aon chuntas ar a bhfuil d'iasc . . .

brách² aid. (Mar fhocal treise). Lá a bhfuil an saol ~ pisreog ag baint leis 20. . . an t-uafás ~ cleis 19. Dá dtiúrfá an saol ~ dom . . . 20. Ní bhíodh a fhios againn sa deabhal ~ céard a bhíodh sé a rá 19. Pé brí cén chaoi sa domhan ~ a bhfuair sé é 19. B'fhada liom sa domhan ~ go dtáinig tú 19.

brachán /broxa:n/ f. 1. Is fada a bheadh an ~ ag fuarú sul má shroichfeadh sé thú 20 - a déarfaí le duine nach mbeadh fáilte roimhe sa gcomhlúadar. 2. Tá sé ina bhrachán eatarb 20, tá sé ina achramn eatarthu. 3. Tíocfaidh an lá ina bhrachán 20, . . . ina bháisteach.

brachlann b. Go leor. . . ~ sprochailí a chuir sé aníos 20.

bradach aid. Bearradh ~ 20, 19, bearradh sclamhach. Tá bearradh ~ faighte agat 19. Sfh. Bearradh ~ Sathrainn 'gas lomadh Luain 19, - mí-ádh ag dul leo. Na seantithe ~ sin 20, na seantithe dona sin.

bradán /bruda:n/ f. ~ caoch an Easa Rua, an bradán a bhí ag Fionn 19.

braeim f. 'Bream' (an t-iasc) 20, 19.

braicseára f. 'Brazier' 32.

braeitse f. Bréitse 20.

braitseálann. Bréitseálann 20. Shílfeá go mbraeitseálfadh sé, nach bhfaca tú an spéir á caitheamh soir 20, shílfeá go ndéanfadh sé báisteach . . . Tá sé ag braitseáil bháistí 19, . . . ag báisteach go trom. Ag braitseáil aníos idir dhá leic 20, ag gioscadh aníos go tréan (le hiasc).

bráí (= ?) 1. Dhá bhráí 19. Na bránnaí ag deireadh an bháid 19. 2. ~ an chladaigh 19. ~ na trábh? 19

braic f. Stró, dochar. Níor bhain sé ~ asam 19, níor chuir sé dada as dom. Ní bhain sí ~ as 24 ithe. Dheamhan ~ a bhí air théis an lae 20. Níl ~ tuirse air 20. . . gan ~ a dhéanamh air 20. . . lá'n fheóchain mhóir athrú 'nurai cho saor is a hainc siad woe gan ~ ná craic a bhaint astu 24 soar.

braichlis b. An leacht a fhanann sa bputa tar éis an dúbáil a dhéanamh 19. Bhain sé ~ as 20, bhuaíl sé é, dhíbir sé é.

braig a. br. Níl tada le ~ aige 20, níl aon ábhar gaisce aige.

braighdeach f. Braighdeán 31.

bráillín *b.* . . . go ndéanfaidís ~ dhí 20, go mbrisfidís í [curach]. ~ de sheál póca 20, naipcín mór póca.

bráinneach *b.* 1. Cró, seanbhalla tí. Tá an bhráinneach chéanna i gcónaí aige 20. Bhí go leor bráinneachaí timpeall an tí ann 20. 2. (iol.) Poill coiníní, brocach sionnach 20. 3. (iol.) Ceantar. Sna bráinneachaí seo 20, sa cheantar seo, sna bólaí seo.

bráisléad *f.* 1. Naipcín faoin smig le linn béile 19. 2. Seáilín beag cloiginn 19.

bráite *b.* Gnáthóg, cúinne foscúil. D'fhan sé sa m ~ a raibh sé 20. Tá athrú ~ anois aige 20, malairt teach cuartafochta. Ní ~ mhaith í seo 20, ní cúinne deas foscúil í. Casadh i m ~ mhaith mé 20. *Ffr. muráite.*

bráiteach *f.* agus *b.* Dhá bhfeicfead an ~ a bhí déanta ann 20 - le áit a raibh go leor títhe nua tógtha. Is maith an bhráiteach í siúd a raibh muid ann 20, is maith an áit (cuartafochta, etc.) . . .

braiteamas *f.* Braiteoireacht. ~ atá ar bun acab 19. Bhí sé ag ~ air, ach ní dhearna sé é 19.

braitriomach /'bra,tri'umax/ *f.* Beagán triomaigh. Níl mórán ~ air [féar] fós 20. Tá ~ ar mhóin 20. Tá ~ air [éadach] 19. Níl air ach ~ 19.

bramaire *f.* Fear mór láidir 20.

bramalá *a. br.* Bromadh 20.

bramalóg *f.* 1. Cladháire, duine a chlisfeadh. Nach é an ~ é 20. A bhramalóg, tá tú ré! 20 - le duine a thitfeadh, nó a chlisfeadh. 2. Duine mímhúinte bramannach 20.

bramalóg *b.* (a) Duine mórthónach. (b) Duine gaisciúil pléascánta 20.

bramans *f.* (a) Duine beag míshlachtmhar. (b) Duine a bheadh ag bromadh go torannach 20.

braon *f.* 1. (Le báisteach). Tá sé ag baint ~ as 20, ag caitheamh corrbhraoin báisti. (iol. mar a. br.) Bhí sé ag braonachaí 20, ag caitheamh braonacha báisti. Tá sé ag braonachaí báisti 20. 2. (Le fuil an duine). (a) (Le misneach). Is deabhaltá an ~ atá ann 20, is fear an-mhisiúil é. (b) (Le faitíos). M'anam go ndeacha an ~ bhí in fochar mo choise amach ar mhullach mo chinn le faitíos 20. An ~ a bhí i laidhrícn mo choise chuaigh sé go mullach mo chinn 20. (c) (Le fearg). Chorra sé an ~ a bhí i mbun mo bhoilg 24 corraíonn, tháinig an-fhearg orm.

brat *f.* 1. (a) Clúdach. ~ cuille 19, brat cniteáilte leapa. ~ ceo 20. Tá ~ féir ag fás ann 20. Tá oiread bratachaí ort is atá ar an inniún 20, tá go leor éadaigh ort. ~ srathara 20, éadach (agus teara air) faoin srathair leis an mapa a choinneáil tirm. (b) Dheamhan ~ pósta a ghabhfas go deo ort 20, ní phósfaidh tú go deo, Ní racha aon bhrat pósta a choíche air 27.345. (c) ~ scair 20, gníomh scaoilte ar chruach mhóna. Tá sé ina bhrat scair agat 20, tá sé scaipthe ar fud an bhaill agat. (d) Go gcuire Dia ~ geal na nGrásta air fad orain 24, go sábhála Dia sinn . . . Bhíodh babhtai ann go mbeadh a' talamh cludai le sneachta an dá lá féile sin agus am air leith a mbeadh, is ' ~ Geal na nGrásta' a tugtaí air 27.1444. (e) Níl a leithide faoi na broit 20, níl a

leithéid de dhuine ann. 2. Go leor. Ní ceann a bhí ann ach ~ 20. Tháinig seacht m ~ tinnis air 20. Bhí ~ slaghdáin orm 20. Caihfidh sé go bhfuil ~ acub ann 20. Bhí ~ míoltógat ann 20.

brath *a. br.* 1. Ag ~, ar tí. Claf a bhí ag ~ ar titim 20 . . . ar tí titim. Tá sé ag ~ ar mhúr a dhéanamh 19. Tá an aimsir ag ~ ar chrochadh suas 19. Ar bhraith tú ghoil siar chor ar bith? 20, ar chuimhnigh tú . . . ? 2. Meath-thuairim. Bhainféad ~ as gur mar seo . . . 24. Sé mo bhrath gur a' pósadh isteach ann a bheidheas brachail óg eicint lá breá eicint 27.326. Rinne muid brá ansin a ghoil siar Gaille rist 27.75, bhí brath againn . . .

bráthair *f.* Siad 'na bráire bána' ábhar na geruimhí i gcaoire. Sí an mhíoltóg i dtugtar 'an chuil ghorm' eiri a shíolrionns iad 27.1440. Air fhéach tú ar aon bhráire bán sa gcaora nuair a bhí tú a' baint na greibhí aistí. . . . ag brú an bhráire bán (sic) eidir a dhá mhéir 24.

brá thír /bra:'hi:r'/. Bruscar seanfheamáinne a fhágann an taoide ar an mbuach, nó atá ag imeacht ar bharr na taoide 19. Féach an beainc breá ~ atá ann 19. Tá meall breá ~ ag goil suas an cuan 19, ~ locha 19, bruscar ar bhruach locha.

breá *aid.* Dhá bhreáichde thú ní ghabhfaidh an solas thraot 19 - focal a déarfá le duine bheadh sa solas ort.

breab : **bríob.**

breabhais *b.* Salachar 20.

breac *f.* 1. Sheálaigh sé leis ar ús [nós] an bhric 32, fuair sé bás go tobann. 2. Duine aisteach; cailín (deas). ~ áird é 20. Is aisteach an ~ é siúd 20. Is deas an ~ í 20.

breac *aid.* Cho ~ le bó Pháidín Uí Chiaragáin 24.

breacán /br'uka:n/ *f.* Éadach tanaí éadrom 19. Ní raibh ar mo cheann ach briocáin 20. Ar ndóigh ní teas atá sna briocáin atá ag dul amach anois 20.

breacann 1. Éiríonn breac. Bhreac an spéir ar fad le réalta 19. ~ na fataí sa talamh ar an aimsir seo 20. 2. Déanann breac. Gealach bhreacachan an choirce 20 - amach sa bhfómhar. 3. Ag breacadh an tsaoil, na laethanta, ag iarraidh bheith ag maireachtáil ar bheagán slí bheatha. . . . ó sheachtain go seachtain is ó bhliain go bliain a' breaca an tsaoil air a' nós sin 24. 'Níl dul amú ar bith ceapt[h]a ná cómh-airthe go phá a bhfuil tú a' breaca an tsaoil leiche 24. Á toed dá mbeach go mhaoin a' tsaoil agut, ach Dé a' cuir an rath air, bheithé a' breaca an tsaoil leis 24 rath. . . . ag breaca na laentai leis a' méid sin go ndíoltar ceann aríst 24 stráclí.

breacarnach *f.* 1. Breacadh lae. Bhí sé a' déanamh ~ lae . . . 24 bradán. Is moch thosaíonn sé a' d'fona ~ lae maidin Shoura 24. . . . nuair a thosa sé [ag] ~ lae ar maidin 24 scamhóg. 2. Crothán. Dhá bhféatá ~ beag aoilí nó feamain a chur orú [fatai] . . . 24.

breácha *b.* Breáthacht. Sin go bhfuil a' teach agus an áit ar leith te ~ 24 cuid súl. Is mór a' chuid súl a' bhreácha 'sa ghlóire atá in chuile nídh dá bhfuil a' fás 24 cuid súl.

breachte(acht) *b.* Breáthacht. Ní féidir é a shárú le

breaicthe 20. . . . go bhár a bhreáchteacht tá ann 24.

breacgharbh *aid.* Beagán garbh 20.

breacgheal *aid.* Spéirghealaí. *Oíche bhreacgheal* 20, oíche a mbeadh na réalta ar an aer agus é beagán geal, ach gan aon ghealach a bheith ann.

breaclach *b.* 1. Brachlainn (*g.v.*) *Níl air ach ~ bheag* 20, . . . brat beag [feamainne]. ~ *fhataí* 20, go leor fataí (scartha ar an iomaire). ~ *mhóna* 20. 2. Talamh clochach. *Amach sna breaclachaí* 20. (Ní 'paiste' talún é, ach réimse.)

breacóg /br'uko:g/ *b.* Ainm ceana ar bhó bhreac 19.

bréag *b.* 1. *Chrochfadh sí an sagart den altóir le bréaga* 19, tá sí an-bhréagach. *Chuirféad dath dubh ar an mbán le bréaga* 19, tá tú an-bhréagach. *Chuir mé na bréaga siar ina bhéal* 19, thug mé air na bréaga a 'shlogadh'. *D'inseodh sé an oiread bréaga is a dhéanfadh mada de shodar* 20. *Ní hé scéal na bréige atá agam* 20, ní scéal bréagach . . . 2. *A. Cuir do stocaí taobh amuigh. B. Deabhal ~ ann* 20, is maith an teistí fí.

bréagach *aid.* 1. Neamhfhrinneach. *Chomh ~ leis an bhfear a dúirt go bhfaca sé an fear ag fás* 19, 20. *Chomh ~ le Vat* 19. (Ainm duine is ea 'Vat'.) *'Sin é an rud céanna a bhí mé fhéin ag goil a rá' mar a dúirt cailín ~ na mbráthar* 19. *Tá tú chomh ~ le cailín na mbráthar* 19. 2. Neamh-iontaoifa, mealltach (le rudaí). . . . *cuiriú cómhairle go minic air gh[r]abaire go raibh an leac oidhre bréagach . . . Deirtear freisin i dtaobh tala móna é . . . atá sé bréagach aig bheithí. Sin go raibh poel bháite ann a siúladh na beithí amach iontu go bharr sórt caonúch a bheith air an uachtar* 24. . . . *tá an aithrí mhál bréagach, go miste é ligeann go dtí an spriog deire'* 24. *Fir éadroma a bhí ionntu uile ach bhí siad crua agus bréagach (ní shin le rá go raibh siad ag inseacht bhréige)* 27.1100. . . . *atá trágh chloch a' téacht ó oileán Thóin a' Churra ansin, agus air uisce beag bíonn sí an-bhréagach mar mbeithé ina chleachta* 27.849. *Ní raibh aon chlár bréagach ná bradach inti* [sa mbád] 19.

bréagachán *f.* Bréagadóir 20. (*Bréagadóir* freisin 20).

breall *b.* 1. *Chuir sé ~ air* 20, chuir sé dallamullóg air. 2. *Tá an áit ina bhreall stráic* 20, trína chéile. *D'fhága sé ina bhreall stráic ina dhiaidh é* 20, d'fhág sé an obair gan cuma, gan críochnú.

bréan *aid.* *Cho ~ le muic* 24, . . . *le tufóig muice* 20. **bréantanas** *f.* Bréantas. . . . *a mhéir air a shrún aige go bhár a' bhréantanas . . . 24. . . i leithide go bhréantanas* 24.

bréantas *f.* *Dún do bhréantas!* 19, dún flapa do bhriste.

breastaireacht *b.* 1. Caint mhímhúinte shoibeaalta. *Lig de do chuid ~* 20. 2. Cleasaíocht, 'diabhláíocht'. *Ag ~ ar bhóithrí* 20.

Breatainn *log.* *Shiúlfainn go ~ sna boinn* 20, shiúlfainn achar fada. *Shiúlfadh sé go ~ anois* 20.

breath(n)aíonn *br.* 1. *Níor breathaíodh amach ceart dó* 19, níor rinneadh cúram ceart de. *Tá a dhóthain*

le déanamh aige agus breathnú amach dhóib 20 . . . aire a thabhairt dóibh. *Breathaigh amach dhuit fhéin* 19. 2. *Maidir le caoireoil ní féidir breathnú air le cúpla lá* 20 . . . ní féidir é a cheannach, tá sí chomh daor sin. 3. *Ní raibh breathnú siar inniu orthab* 20, ní raibh aon éileamh orthu (beithigh). *Ní bheadh breathnú siar oraibh ann* 20, ní thabharfaí aon aird oraibh ann. 4. *Nuair a bhreathnaigh siad orthab fhéin* 20, nuair a smaoinigh siad ar a gcúrsaí féin. 5. ~ *sé gur stol maith é* 20, tá cuma air gur . . . *Thollfadh sé clár daraí an breathnú a thug sé orm* 20, thug sé breathnú an-ghéar orm. *Bhí breathnú tollta aige* 20, *id.*

breill *b.* Liopa mór, pus. *Bhí sé ansiúd agus ~ air* 20. *Scread mhaidne ar do bhreill* 20.

breilleach *aid.* *An púca ~*, 'púca' a chuireann faitíos ar pháistí. *Tiúrfaidh an púca ~ leis thú!* 20. *Fosfaidh an púca ~ thú!* 20.

breilleacháil *b.* Caint gan réasún. *Ag imeacht ag ~* 20.

breilleachán *f.* 1. Straoiseachán 19. 2. Duine salach sreamlaithe 20. *Ní raibh aon bhlas ariamh ann ach ~ de dhuine* 20. 3. Cabaire seafóideach 20. *Dún do bhéal, a bhreilleacháin!* 20. 4. 'Púca' - le faitíos a chur ar ghasúr. *Chugat an ~!* 20. 5. Duine gan mheabhair 20. *Nach tú an ~!* 20.

breilleachas *f.* Seafóid. *Tá an oiread den bhreilleachas ar an seandeabhal* 32.

breilleáil *b.* Breallaireacht chainte. *Ag ~ is ag streilleáil* 20.

breilleota /bre'l'o:ta/ *f.* Strachaille d'amadán 19. *Nach é an ~ é* 19.

breilín *f.* ~ *de dhuine* 19, duine beag suarach. *Is tú an ~* 19, - a déarfá le seanfhear a phósadh cailín óg.

breillinteacht *a. br.* Breallaireacht. *Ag ~ chainte* 19.

breillireacht *b.* Breallaireacht 19, 20. *Ag ~ chainte* 20. *Lig de do chuid ~* 20.

bréineacht *b.* Bréine 20. . . . *a' bhréineacht bhí ttocht as a' bpoul* 24.

bréinleach *f.* Féar fada fhasann in áit bhog, nach féidir a shábháil. *Tá bréinleachaí le n-ithe fós ann* 20.

breith' *b.* *Hug muid ~ is dá roghain air imeacht* 24 *dorcha, shocraigh muid imeacht tar éis braitheoir-eacht. Ní dhéanfadh tú é go Lá Bhreithe Dé* 19 . . . go brách. *Tiúrfaidh mise bás na breithe ort!* 20, maróidh mé thú! *Tá ~ eicint air* 20, tá cinniúint mhí-ámharach éigin air. *Tá sé do bhreith orm i gcónaí gur mé chuirfí ann* 20, tá sé de chinniúint . . .

breith' : beireann.

breitheamh *f.* ~ *na héagóra, drochbhréitheamh, drochdhuine. Ní shaorach ~ na héagóra é* 24 *saor. Ní dhíonach breithe na h-éagóra héin sin ort* 24.

breitheann. Beireann. *Cé mhéad ubh a bhreithinn sí?* 27.1373. *Cé mhéad ubh a bhreitheas sí?* 27.1378. *Fág sin agus breith orthu* 27.1243.

breithiúnas *f.* *Lá fuar ceart is deacair ~ a bhaint dó* 24 *fuar, is deacair aon cheart a bhaint de, aon leas a bhaint as.*

bréitse, -álann : braicitse, -álann.
breuille f. 1. Leisceoir. *Tá sé ina bhreuille ina loighe ar an stóil* 20. *Nach thú an ~ nach mbeifeá in ann tada a dhéanamh* 20. 2. Sraoill leathnocht. ~ *de bhreilleachán* 20. *Bhuail an ~ isteach a'inn* 20 - le tincéir. 3. Duine gan chuibeas. ~ *mór gan aon chuúilacht* 20. 4. (Focal é seo a déarfai le linn a bheith ag fanacht go n-iompófaí an cárta ag tús na himeartha) *Rí nó aon ar bhreúille!* agus d'fhreagrófaí mar seo é 'Nú ar a mbean chóir atá i Sasana a mhúin sa tobar is nár shlaigh ann' 19.
brí b. 1. *Fág faoi bhrí Dé é* 19, . . . faoi chumhacht Dé. *Cuirim faoi bhrí Dé is na Maighdine thú* 19 - focal a déarfai le duine a bheadh ag dul ar aistear. *Doir ~ mo choirp!* 20. *Doir ~ an leabhair!* 20. *Doir ~ mo bheatha!* 20. *Doir ~ lán an leabhair* 20. *Doir ~ mo choinias* 20. *Doir ~ an ghabhair* 20. 2. 'Is beag an bhrí fós iad' mar a deir Stíofán na n-eangach 19, níl siad ach ag tosú, cruthóidh siad go maith fós.
bríb b. Breab 19, 20.
bríbeátaí f. Breabaire 20.
bríbeálann br. Breabann 20, 19. *Bhríbeáil sé é le meall airgid* 19.
bricís b. Pit 31.
bricneach aid. Faoi bhricíní (ar an gcráiceann) 20.
brídiúil aid. Bríomhar. *Agus muid bruidiúil ~ croíúil misniúil fuineamhail* 27.104.
brillín f. 'Clitoris' 31.
bríogaíd b. Briogaill. *Is tú an bhriogaíd bhradach* 20.
bríogaideach aid. Géar gobach (le malaí). *Maílí bríogaideach* 19.
bríogaídí íol. Malaí fada gobacha. *Is air atá an péire ~* 19.
bríogaill b. Cailín nó bean bheag éidreorach. *Nach í an bhriogaill bhreac í!* 20. *Fan socair a bhriogaill!* 20.
bríogóid b. Briogaill (q.v.). ~ *de bhean í* 20. *Siad na bríogóideachaí iad* 20.
bríollach¹ f. 1. Gioblachán. *Nach é an ~ é* 20, 19. 2. (íol.) Ceirteacha. *Na bríollachaí seo* 20, 19.
bríollach² aid. Breallach. *Coca [féir] ~ go leor* 19. ~ *ina gcuid éadaigh* 19.
bríomhar aid. Torthúil (le hithir). *Garraí ~, créafóg mhaith dhomhain ann a mbeadh barr maith air* 24 . . . *garranta matha bhíogmhhar iad* 27.544. *Mar bhí a fios acu go raibh an t-ann-fhód go chréafóg bhíomhar air* 27.1331.
bríonglán f. Cois tlú 20. *Nach é an ~ é!* 20, nach é [duine] atá ard tanaí.
bríonglóid¹ a. br. Bríonglóideach 20.
bríonglóid² b. 1. Bríonglóid. *Bhí an-bhríonglóidí ar m'athair aréir* 19. 2. Duine a fheictear i mbríonglóid. *Dúirt an bhríonglóidí leis a ghoil . . .* 20. ~ *a tháinig agam thiar i gConamara* 20.
bríos brún f. Bríoscbrúar (galair beithíoch) 19, 20.
bríosc, -a, -án : bliosc, -a, -án.
bríoscaann 1. Déanann sobhriste. *I dtalamh bán ~ siad faon scrath é le nádúr na huaire 24 péist thalún.* 2. Beonn. . . . a' bheirt go dílis a seinim

. . . *g'iarra gcroí a bhrioscadh* 27.31. *Ffr. blioscann.*
brioscán : blioscán.
briota f. 1. Gitín. *Breathnaigh an ~ thug tú dhom* 20, . . . gitín beag [de cháca millis]. *Briotaí beaga d'fhataí* 20. ~ *beag aráin* 19. 2. Tóin. *Tiúrfaidh mise sa m~ dhuit é!* 20. *Thug sé i mban an bhriota dhó é* 20.
briotaíl b. Briotaireacht. *Tá ~ air* 20.
briotais b. Bealach an tsearraigh san asal nó sa gcapall 20.
bris b. Cailiúint, dochar. *Chreidim gur tharla ~ teastais mhór don fhear seo* 32. . . . rud a chuir go mór as dó. *Rinne an gála féin ~ teastais* 32. *Ffr. briseadh (teastais).*
briseacht b. Brisce, flaihiúlacht. *Sí an t-aon nduine amháin go na Blácaí a bhfaca mé aon fhilathúlacht ná ~ ionntu* 27.427. *Ffr. bliisceacht.*
briseadh f. 1. Imir, síog. . . . ~ *den dearg faoina sciatháin* 20. . . . *dubh agus ~ dubh-bhuí ann* 20. *Tá ~ dúrabháin ann [sa ngarraí]* 20. *Bhí ~ na foghlaim iontab* 20, féith dhúchasach na foghlama iontu. *Tá ~ meirge ag teacht thríd* 19. 2. ~ *portaigh*, oscailt sa bporthach ar bhris an t-uisce aníos ann ach gur thriomaigh sé arís 20. *Ghabhfadh do chois síos i m~ portaigh* 20. 3. ~ *teastais*, dochar. *Is deabhaltáil an ~ teastais é sin atá déanta* 19.
briseadh-croíúil aid. An-dobrónach. *D'aithnéad go maith air a méid gon abhrán a chualadh mise gur brise croíúil go maith a bhí an té a bhí dá chuma* 27.769. . . . *chomh ~ is a bhí siad faoi go raibh sé g'imeacht* 27.590. *Bhí siad an-bhrise-croíúil a' scarúint ó chéile* 24 min choirce. *Ffr. bristeachroíúil.*
briseann. 1. Ní bhíodh in go leór acu ach a' brise isteach 'na bhfir 24, ag teacht in aois fir. 2. *Lá saoire briste* 27.80, lá a bhíodh ina shaoire, agus gur baineadh an tsaoire de.
briste f. A' díona an bhríste 24 spóirt, cluiche tóiraimh. *Is beag an rud a shalós ~* 20 - focal a déarfai dá mbuailfeadh mámh beag drámh mór.
bristeálach f. Duine gearchosach ramhar 19, 20.
bristeánach f. Bristeálach (q.v.) 19, 20.
bristeachroíúil aid. Bristechroíoch 31.
bríthin. 1. Dá bhríthin sin 20, dá bhí sin. 2. *Cailleadh í de bhríthin páiste* 20, . . . ag breith pháiste. 3. Lorg tinnis. *D'fhág sé ~ air* 20. ~ *bruitíní* 20.
britsil f. Briste capaill 19. ~ *leathair* 19.
bríúil aid. Cothaitheach. *Sé an ghuiribheacht tá sa min tá dhá fágáil gan í bhe brímhuil 24 guiribheacht.*
broc-. Tá *breac-* agus *broc-* inmhálartaithe in FGB. Níl i gcaint na Gaillimhe. Dá bhí sin tugtar samplaí anseo thíos de *broc-*.
broc f. 'Badger'. ~ *muice* 20; an ceann a bhfuil smut muice air. ~ *mada* 20, an ceann a bhfuil smut mada air. *'Meastú an ~ mada nó ~ muice a bhí ann?'* 24. *Cineál na mbroic* 20, ainm droch-mheastúil ar dhaoine.
brocach aid. 1. Suarach. *Chuireach sé caraos ort ag*

éisteach le daoine fadó a' chaoi a ra siad ag oebriu ó dhubb go dubh air a' bpáí bhrocach a bhí ag imeacht an uair sin 24 oibríonn. Bhí a chion(n) go góltaisín ~ aige a woech sé ocras ina léith meireach . . . 27.463. Is aige atá an góltas is brocaí ar a' mbaile 24. 2. Dona, gránna. Íde bhrocach 31. Faigheann siad an ceann ~ den scéal 32 . . . an chuid is measa. 3. Salach. Chomh ~ le broc 19.

broc-aimsir *b.* Aimsir shalach go maith 19.

brocaire *f.* 1. Duine beag láidir a dhéanfadh obair throm 20. 2. Trodaí maith 20.

brocais : **procais.**

brocarnach *b.?* Contráth an tráthnóna. *Le brucarnach a' tráthnóna d'éirigh gála 27.1516.*

brocarnach *2* *aid.* Suarach salach. *Góltaisín ~ talún 27.977. . . . á [teach] choinneáil ~ 24.*

brocgheal *aid.* Roinnt geal ag na réalta, ach gan aon ghealach ann 20. *Óf bhreá chiúin bhrogcheal a raibh an ghealach báite go maith a bhí innti 27.74.*

brocghealach. *Óf bhrogchealaí 24, oíche bhrogcheal. brochóg b.* 1. Prochóg. . . . *sa gceann istí dó bhí brothóg bheag i ndeacha siad isteach ann 24 dubhán ala. 2. Tum ~ 19, áit sa bportach a bheadh ar bogadh faoi do chosa.*

broclofa *aid.* Tosaithe ag lobhadh (le feamainn, feoil, etc) 20, 19. *Tá an t-iasc ~ 20. (Breaclofa freisin 19, 20).*

brocshalach *aid.* Roinnt salach 20.

brocsholas *f.* Breacsholas. *Bhí sé an tráthnóna seo shíos i gCnocán a' Choel agus ní raibh ann ach brocsholas 27.250.*

brochthirim *aid.* Brocchirim. *Bhaile muid gon talamh [móin] réis nach raibh sí ach ~ 24.*

bróg *b.* 1. . . . *dá gcathá do bhróga ní uaitheá a leithide len fheabhas 27.522, dá gcuartófa i bhfad . . . 2. I gcluife na bróige, i sáinn chontúirteach. Sin é an uair a raibh mé i gcluife na bróige 27.227. 'Is mé a bhí i gcluife na bróige' a deir sé nuair a bhaile siad hart orm, gan fhios agum cén uair a bainí an tsúil as mo cheann le buile 24 bailíonn. 3. . . . bean nach dtíuradh glana a seanbhróga dhuit ní airim thú a phósa 24 tanaí, bean nach dtabhar-fadh dada dhuit . . . 4. Thastódh an bhróg uaidh 20, theastódh bualadh uaidh. Ní mhíllfeadh barr na bróige aon bhlas faoi 20.*

broicín *f.* 1. Duine atá gar dó féin, nach mbeadh oibleagáideach. ~ *bradach* 20. 2. Duine dubhliath 20.

broid, -iúil, -úlacht : **bruid, -iúil, -úlacht.**

bróidéis *b.* Ríméad, bród. *Ní raibh aon bhróidéis agam as 20.*

bróidéiseach *aid.* Ríméadach. *Bhí sé an-bhróidéiseach as 20. Ba fear ~ a bhí ann nuair a fuair sé é [post] 20.*

broigheall *f.* *Shártaigh tú an ~, tá an oiread sin bruiteálach ort 20, - le duine a mbeadh an-tart air.*

broim *b.* Briseadh gaoithe. *Baineadh bramannaí daraí as 20, cuireadh iachall air obair an-trom a dhéanamh. Bheadh sé ag obair chomh crua is go mbainfí seacht saghas bramannaí as 19.*

broimfhéarach *aid.* A thugann broimfhéar. *Talamh ~ 20.*

broimhfhéar *f.* Broimfhéar 24A.

broimín *f.* Bromach beag. ~ bliana 20.

broimneach *a. br.* Briseadh gaoithe. ~ *dearg in do thóin* 20 - focal a deirtí le coileach a ghlaodh ag béal an dorais.

broimseáil *a. br.* 1. Ag iarraidh achrainn. . . . *faitíos go ngabhfaí ag ~ faoi* 19. 2. Ag imeacht thart go díomhaoin. *Deabhal blas atá sí a dhéanamh ach ag imeacht ag ~ 20.*

broimseálaí *f.* Duine a bheadh ag iarraidh achrainn 20. *Nach é an ~ é!* 20.

broinn. 1. *Beidh cuimre ag an leanbh tá faoi bhroinn a mháthar ar an oíche amáireach 19. 2. Lochán. Tá ~ mhór uisce cruinnithe ann thús na hoíche 20.*

broiscín *f.* Scata beag. *Bhí ~ clainne aici* 20. *Nach fúithi [cearc] a bhí an ~ 20. ~ éanachaí* 20.

broisín *b.* 1. Cuimilt bheag le bruís. *Tabhair ~ don urlár* 20. 2. Marcaíocht a thabharfaí do ghasúr idir bheirt a mbeadh na lámha acu faoin ascaill aige sin. *Thug siad ~ dhó* 20. ~ *brainní /bran'di:/ id. 3. Marcaíocht ar asal. Fear a mbeadh asal aige, is go mbeiféad ag iarraidh ~ air* 20. *Ar ~. (a) Ar marcaíocht ar chairrín capaill nó asail. (b) Ar cúlóg. Mná ar chula fir ag goil ar bhainseachaí fadó ar ~ 20, . . . ina shuí ar ~ 20. Chuaigh mé ar ~ air* 20.

broit. Sreamadh ón tsúil. *Tá ~ ag tíocht uaithi* 20.

broilach *f.* (a) (I mbád). *Níl aon bheann aici ar an tonn, tá an t-an-bhrolach aici!* 24. (b) *Is simléar deas é sin tá an-bhrolach aige* 24.

bromach *f.* *Is geall le polláirí bromaigh iad* 20 - le polláirí móra ag duine. *Bhí malaí bromaigh air* 20, bhí malaí móra garbha air [duine]. *A' díol bhromaí* 24 spóirt, - cluiche tórraimh.

bromachán *f.* ~ bliana 19, stócach dána nach mbeadh aon mhaitheas ann; duine a dhéanfadh rud seafóideach (titim isteach i lochán, etc.). *Tháinig sé abhaile ina bhromachán bliana* 20, tháinig sé abhaile gan dada aige de bharr a thurais.

bromaire *f.* 1. Duine mór láidir, beithíoch breá láidir. *Tá sé a' diona bromaire a' chaoi bhfuil sé a' neartú ar a' mbeatha mhaith tá sé fháil* 24 near-talonn. . . . *shíl mé nuair a d'ime an bhcaíl go ndéanach sí [capall] ~ ríst 24 bacail. Is é an ~ fir é* 19. 2. Fear achranach coilgneach. *Ba é an ~ é* 19. *Ffr. bromaire.*

bromaireacht *b.* *Ag ~ 19, ag cantal go coilgneach. Ag ~ chaoineachán* 19. *Ag ~ is ag troid is ag gleo* 19. *Is gránna an chaoi a bhí air [fear óltach] ag ~ istigh ann* 19.

brománta *aid.* Maíteach, saíteach. *Nach é a bhí ~ réis nach ndéanadh sé píosa ar thóin fir* 24. [Duine ~] *Duine a mbíonn geabsaireacht go leór air bun aige i gcúlódar nó a gcrinniú nach bhfuil aithne mhór air ann* 24.

bronnann *br.* (Leis an réamh. do) . . . *dhá leabhar le Ó Grounai a bhí sé a bhronnadh dó* 27.41. *Nuair a chonaic siad go rous in an a Ghaelge a léamh, bhronn siad a' leabhar dhom* 24. (Leis an réamh. ar freisin 24, 20.)

brontanús *f.* Bronntanas 20, 32.
brosna *f.* Burla (connaidh). *Sín anáil ~ móna agum go gcuire mé síos tine 24 síneann.*
brosnaíonn *br.* Brostaíonn. *Brosnaigh leat! 19. Bhí mé ag brosnú liom 19.*
brothálach *aid.* Brothallach. *Tá muid ~ ag an tine 19. Lá breá ~ 19.*
brótúnach *f.* 1. Fathach mór fir. ~ fir 19. 2. Duine bundúnach michuntanósach. *Nach é an ~ é 19.*
brú *f.* 1. Thug sé brúití maith dhó 20, thug sé bualadh maith dhó. 2. ~, ~ sa gcárdán, sa gcardán, an-bhrú le chéile ag scata daoine. *I leithide go bhrú ~ sa gcárdán ní facas g'iarra an doras a bhaint amach 27.189. Ní raibh a leithid go bhrú ~ sa gcárdán aríomh ann 27.329. Bhí sé 'na bhrú ~ sa gcárdán a' goil soir a' geata acu g'iarraidh a guid cóisí a bhaint amach 27.407. Sfh. Brú, ~ sa gcardán is gearr go dtiocfaidh an t-áirneán 20.*
bruach *b.* 1. (iol.) Ceantair máguaird. *Bhí trí thor-nóig i nGaille agus cúig nó sé eile hart sna bruachanna 24 Nollaig. . . . gur bhé an tala i beárr é hart sna bruachanna 24 talamh. 2. Ar bhruach, ar tí. Bean a bhíos ar bhruach cúraim 24 colainn. . . . tarraingt ar a h-am a bheith istigh. 3. ~ ar bhruach, lán. Bhí an teach ~ ar bhruach le daoine 20.*
bruachíil /bruaíil/ (iol. ó bruach; bruachannaí freisin 20). *Tá na ~ leagtha 20.*
bruaisín *f.* Liopa beag. *Chuir sé ~ gáirí air fhéin 20, meangadh beag.*
brúán *f.* 1. Brat a bhíonn ar an searrach nuair a bheirtear é. ~ an tsearraigh 20. *Plúchadh sa m ~ é 20. Níor bhris sé an ~ 20. 2. Dhá mbrisfí na brúáin ar na caoirigh ní bheidís in ann siúl chor ar bith 20 (?). Brisfidh mé do bhrúáin! 20 ~ focal magúil.*
bruas *f.* Pus cantail. *Chuir sé ~ air fhéin 19. Bhí ~ air 20.*
bruasach *aid.* Pusach le teann cantail 10. . . . smútach bruasach gruama 19.
bruasachán *f.* Bruasaire 20.
bruasail *b.* Pusaíl le cantail. *Lig de do chuid ~ anois! 20. Thosaig sé ag ~ chaoineacháin 28.*
brúcht *f.* 1. Tuile tobann. . . . gur ~ eile báistí a bhí goil á leanacht 24 titeann. 2. Plód. . . . cur síos. . . . air a' m ~ daoine a bhí a goil siar agus aniar an aibhne agus iad ag iarra a bhe a' tabhairt bealach dá chéile 27.411. . . . a' ~ daoine a bhí g'iarraidh a bhe a déanadh a mbealach sa mbrú a goil siar 27.198. . . . a' chaoi a dtagann siad [caiple ráis] an aon bhrúcht amháin faoi choinne léim mhór 24.
brúchtadh *a. br.* Cur thar maoil. *Tá an cladach ag ~ le feamainn 20.*
brúchtail *b.* 1. Cur thar maoil. *Siopa a bhí a' brúchtail tamall gon tsaol tá a chuid ourláir cho falla anois 24 folamh. 2. Ag ~ gháirí 20, ag gáirí ainneoin iarrachtaí ar stopadh. Tá ~ chasacht air 20, tá sé ag puthaíl is ag rachtail chasacht.*
brúchtíneach *f.* Duine beag ramhar 20.
bruiclíneach *f.* Duine beag beathaithe pointeáilte. ~ beag liath 20. ~ de shagart 20.

bruid *b.* Fuinneamh chun oibre. *Cháil sé an bhruid air fad le tamal, níor fhan hamp a bich ann 24. Fear a mbeadh ~ fir ann 20, fear a mbeadh fonn oibre air.*
bruidiúil *aid.* Beo fuinniúil. *Nach hí tá crua ~ fós 24.*
bruidiúlacht *b.* Fuinneamh chun oibre. *Ní raibh aon bhruidiúlacht ann 20.*
brúigeáil *b.* 1. Sacadh, ithe go hamplach. *Ag ~ cóilís sa mála 20. ~ go maith é 20. Ag ~ i do phutógáí chuile úiméad sa ló 20. 2. Tá sé ag ~ amach 20, tá sé (cláí) ag brúchtadh amach.*
bruumistíún /brim'íjgu:ni/ *f.* Fear mór láidir 20. *Nach é an ~ é! 20 (< 'brimstone').*
bruion *b.* Ait chónaithe na síog. *Ghabhfadh sé thríd an m ~ 20, ní chuirfeadh rud ar bith faitíos air. A ghiolla na bruine! 20 ~ le duine.*
bruíos *f.* Feothan 20.
bruíosáilte *aid.* Gaofar 20.
brúisc *b.* 1. Urlacan. *Chuir sé ~ amach 20, rinne sé urlacan. 2. Cuma gharbh drochmhúinte. Nach air a bhí an bhrúisc ag imeacht 20.*
brúisceachán *f.* Duine garbh drochmhúinte 20.
brúiscealach *f.* ~ de dhuine 20, duine mór baoth-chainteach.
brúiscín *f.* 1. Carnán. ~ maith fataí 19. ~ maith beithíoch 19. ~ uibeachaí 19. 2. Scata, ál. ~ gasúir a bheadh ag déanamh spraoi 19.
brúisciúil *aid.* Cruálach, neamhthrócaireach. *An té a chuir fáil sceacha hart air an asal i gcournéal gon gharraí agus a hug tine dhaof bhí sé an-bhrúisciúil 24. An áit a bhfuil duine ~ níl mórán caranas coimirce a baint leis 24.*
bruite *aid.* bhr. 1. Bruite beo, tapa, éasca. *Siúl amach ~ beo 27.19. Fear mór láidir a bhí ann, ~ beó air a chois, ach nach raibh mórán suaimhneas inntine aige 27.395. Líon muid isteach a' lucht ~ beo 24 bealóg. 2. ~ ná fuar, ar chor ar bith. Níor tharraing sé féin ná an bhean leis a gclann ~ ná fuar 27.359. Chuartaigh mé chuile áit is ní bhfuair mé ~ ná fuar é 20. Níl sé le fáil ~ ná fuar 20. 3. 'Go raibh sibh ~ feannta ag a' diabhal a chlann mhac Gháirdín' 27.344. 4. An-te. *Nach ~ an lá é! 20.*
brúith *a. br.* 'Ag ~, ag fuint agus a séideadh dhób 19, ag réiteach orthu sa teach. *Beidh sé 'na bhrúith 'sna rósta go ceann míos ríst nuair a bheadh dhó nó trí [de] cheanna bainseacha le bheith ann 24. Tá siad [fataí] faoi bhrúith 20, tá an t-uisce imithe ina ghail uathu.*
brúithleachán *f.* 1. Galar beithíoch, 'murrain'? ~ tírm 20. ~ fíuch 20. 2. Tart. *Nach ort atá an ~! 20. Lá brúithleacháin é 20. 3. Tá sé ina bhrúithleachán lena bhfuil ite aige 20, . . . mór ramhar te.*
brúithshléacht /br'u'h'ext/. *Bhí an fharraige ag tíocht ina ~ 20, bhí an fharraige an-gharbh.*
brúithealach /br'i:aləx/. Tart mór. *Nach ort atá an ~! 20.*
brúnn *br.* 1. *Ag brú gaol air 19, ag iarraidh a bheith mór leis tréna chur i gcéill go bhfuil gaol gairid ann.**

Tiúrfaidh mé brú na meach dhuit 19, brúfaidh mé go dona thú. Ní bheidh siad in ann a rá go raibh mise ag brú carthanais orthab 19, . . . ag iarraidh a bheith mór leo. 2. Druideann. (a) . . . agus an fhéile a' bru leis . . . 27.7. Níor airridh muid an t-am a brú go Nollaig réis sin 27.102. . . . agus é a brú ar theach a gheata 24. Tá an Béarla brú amach an-mhór fud na tíre 24. . . . thosa an ghaoi a' brú hart 24. . . . thosaigh sí ag aistriú thart. Mná a bhíodh a brú anonn san aois 27.149. Nuair a bhí sé a' brú le deireadh a chuid laentha rinneadh sé úchta 27.899. A' dream a bhí a' brú isteach san aois 27.121. Fuil bhrúite 20, fuil théachta de bharr buille.

brúscán : prúscán.

brutainn b. 1. Scata mór páistí. ~ gan mhúadh 20. *Dhiún ceó acu ach ón láimh go dtí an béul agus ní fheisin [ina dhiaidh sin] tá siad héin agus a mbrutain ag iarra bhe a' maireachtáil air 24 maireann. 2. Ál dreoilíní 24.*

bruth b. 1. (Le tart). *Tá ~ tairt orm 20. Tá ~ an óil air 20, tart na póite. Tá ~ an tinnis air 20. Sé ~ an bháis agat é 20. 2. (Le fás). Bhí na fataí ag teacht aníos ina m ~ 24. Siad na múranna boga seo i deannta an leasu atá a' cur a' bhruth faoi an gcimín 24. 3. (Le go leor, 'brat'). Bhí ~ acub [luchain] ann 20. ~ mhíoltógaí 20. ~ shalachair 20, go leor luifearnaigh. 4. Bhí sé na bhruth thintí 20, bhí sé le cutach. ~ thoirní 19, meirbhe san aimsir roimh thoirneach. 5. Tháinig an bhruth rua orthab 20, tháinig leá, scaipeadh orthu (comhlúadar). 6. ~ ~ 20, deoch a dhéantaí le plúr is bainne do pháistí.*

bruthnóg b. Bruithneog 19. (Bruithneog 20).

buacach aid. *Tá an t-uisce ag teacht go ~ 19, go fras.*

buacáí. Buaic. *Sé do bhuacáí é! 20.*

buachailí f. 1. *Buachailí Shéamais, b'iad sin na daoine maithé 24. Bhí sé amui dó go mbíodh sé g'aireachtáil buachailí Shéamais ar fud a' tí réis é ghoil a chodladh chuil oí 24 airíonn. 2. An ~ báire, an deabhal. Bhí go leor gon seandream . . . a' rá mar bhé an ~ báire a bhí ann gur colceathar dhó é 24 sánn. 3. Gléas oibre. Ní maith a' rud a' gealladh mílseáin . . . Fuagairt ghlan ghéar a thóirt dhaof, sin é an buachail 24 geallann. 4. Buachailí éibhir 20, baill de chumann a bhíodh ag speireadh beithíoch san 19ú haois.*

buachailleacht b. Obair airdeallach chúramach. *Nó go mbeidh an spiléad réidh le cuir amach atá buachailleacht cuid mhaith air 24.*

buachailíocht b. 1. Buachailleacht 20. *Cén sórt ~ bhí agat air? 20, cén fáth a raibh tú ag fanacht i mbun a dhéanta chomh fada sin? 3. Ag ~ mná 20, ag 'siúl' le cailín.*

buachalán f. ~ bhán 19, luibh áirithe.

buachann. Buann. *Go mbuacha sib! 19. Bhuachadar 19. Buachtáil 19. Buachfaidh siad 20.*

buadán f. 1. Ceirt chasta ar lot. ~ ar an rusta 19. ~ ar an rúitín 19. 2. Ceirt taobh istigh den chor-nasc ar an gcaora 20.

buadánach aid. Dea-ghléasta agus bunáiteach. *Cailín beag ~ 20. Tá sí chomh ~ 20 . . . chomh bunáiteach.*

buadóig b. Buadán (q.v.) 20.

buacú. Buaic. *Sé do bhuacú é! 20.*

buaic. 1. *Bhí sé ar an mbuille ~ 19, bhí sé ag iomradh agus é ina shuí ar bhord an bháid chun tosaigh. Ag iomradh ar an mbuille ~ 19. 2. Tá ~ ar do naprún 20, giota de a bheith níos faide ná a chéile.*

buaile b. 1. Áit féaraigh ar an sliabh. *Gurbh é an áit a raibh beithigh ar ~ aige 20. 2. ~ na mbodach 19, buaile an bhodaigh (seacht réalta inti 19). Bhfuil ~ na mbodach i bhfad siar? 19. . . . go raibh ~ na mbodach as cionn tí na n-Áilleach 19.*

buaileann br. 1. *Tá an oiread buailte a'm air is bhuailféa ar shlis lín 19. . . . tá an-chuid buailte agam air [duine, mada]. . . . héis gur buaileadh an oiread orthu is a buaileadh ar an tslis lín 19. 2. Déanann comhriachtain le. Bhí mé á bualadh 20, . . . á bualadh is á bogadh 20. 3. An bhfuil sí ag bualadh? 20, an bhfuil sí [capall] ag bualadh an chos tosaigh leis an gcos deiridh? 4. Tosaíonn, imíonn. Buail ag maircíocht uirthi seo 19. Bhuail liom 19, d'imigh liom. 5. (Le treise). Cuireann. Buaile mé mam caiscín ríd a' bplúr níos mó . . . 24. . . . a' buaile láimh ann agus, fíos maith aige go mbéaraí air 24 mac falachain, . . . á ghoid. 'Ní shea mh'anam' a deir fear eile 'ach í a bhualadh faoi t'escail a rinne tú nuair a fuair tú an deis' 24, . . . í a chrochadh leat á goid. Is féidir liomsa mo theanga a bhualadh faoi mo charbad anois 20, . . . fanacht i mo thost anois. . . . dhá [airgead] bhualadh isteach sa mbeinc 20. Bhuail sé an dlí air 32. Buail faoin 'tap' é 20. Bhuail mé síos pota fataí 20. Ag bualadh crios air [stuca coirce] 20. . . . ní dheacha ríd a mbaile ó'n chéad lá riabh a buailiú a' chéad chloch ann 24 ceanglaíonn. 6. Plástrálann. Tá mé a goil a' buala an tí agus na mbotháin air fad anois 24. Níor bhuail tú an teach ar chor ar bith 19. Bhfuil an chéad bhualadh tugtha don teach a'd? 19. Tá an teach nua buailte air fad anois agam 24 buaileann. 7. Cuireann cour éan buala go bhualach beithí nó lachach a' bhothair leis a nead taew istí 24 bualadh. 8. Déanann torann (de thoradh buailte). . . . barr na haibhne ag bualadh le drochaimsir 19. Má bhíonn Poll a' Chaire ag bualadh 19. 9. Buailtear ar, castar ar. A goil isteach sa siopa . . . nuair a buailiú orm sa doras é 24. 10. Buailtear thall ar, cuirtear milleán ar. Bhí siad a' buala tháll orraine gur muid a chlis . . . 24. 11. (Le faoi). (a) Shílfeá go mbuailfeadh sé faoi tráthnóna anocht 20, . . . go ligfeadh an gála faoi . . . (b) Sagart a' buala' fút as teasaíocht intinne 24, . . . do d'ionsaí. 12. (Le in). Tagann go tobann. Bhuail sé 'na chroí é a chúl a thabhairt gon bhaile 27.554. Bhuail sé 'na chroí é nuair a bhí siad ime go mba mhaith leis féin a' t-éirí mach a fheicedíl freisin 24 gealbhan. Aig goil har theach air a' mbealach dó a raibh fear a' tí air a leaba le fada, bhuail sé ina chroí é a ghoil isteach dá fhiarraí 27.1435. 13. ~ i mbéal duine,*

casann drochrud leis suas lena bhéal. . . . *sa gceann a mbuailleadh duine acu i mbéal a' duine 'nach bainiu ó ascail t-athar nó do mháthar é' 24 béal. . . . gur bhuail sé mo bhéul gur 'landgrabber' a bhí in m'athair 24 béal. . . . a' buala rudaí in mo bhéul 24 ardaíonn. . . . níor fhéad aon nduine buaile na bhéal go rabh cúl a chainte leis 27.43. 14. Buailtéar suas, cuirtear deireadh le. Buailiú suas na cleasanaí bhíoch i dtighe tóra 24 cleas. . . . buailiú suas ceann [scoil] Chúileach 27.39. B'fhéidir go mbuaifidís suas ansin 20, . . . go n-éireoidís as. 15. ~ aimsir ar, caitheann neart ama leis, déanann go neamhdheifreach é. Bhuail sé aimsir air 20. Buail leithead den aimsir air 20. Buail dóthain den aimsir air 20. 16. Báire a bhualadh, gnóthú. . . . dá n-éireódh leis go bpósadh sí é go raibh an báire buailte aige 27.564. Á n-éireodh linn an oiread a sciobadh ó na cábáin is a choinneódh ag imeacht muid bhí an báire buailte 27.437, bhí gnóthaithe againn. 17. (a) Caithfear báire a bhualadh leis 20, caithfear cúis a dhéanamh leis. (b) Bhuailfeadh sé báire leat 19, bheadh sé in ann chugat, d'imreodh sé cleas ort. Bhuailfeadh sé báire le Hearaí Steatíl /'sɔatíl/ na leabhar 19. 18. ~ cos air, daimhsíonn do. Fir . . . nár bhuail cois air phort in a saol 27.181. . . . mo dhá súil sáite sa b'fobaire fads a bheadh a' port dá sheint aige . . . agus gan leath áird air a' dream a bhí ag bualadh cois air 27.181. 'Nár bhred an rud a' bualadh cois air [ceol]?' a deireach sé 27.563. 19. Tá tú ag bualadh fiacal leis an bhfuacht 19. 20. Ag ~ meáchain 19, ag sroicheadh an mheáchain. 21. Buail go ré air, a leascaí, laoin siar go fóileach 24 laoineann, tóg go réidh é. 22. Bíonn na héanachaí ag bualadh ar an bhfarraige san áit a mbíonn iasc 20, . . . ag teacht anuas go tréan. Bhí na faoilleáin ag bualadh ann 20. Bíonn bualadh an éisc ann 20, bíonn an t-iasc ag teacht go tréan ann. 23. Bhí a chosa is a cheann buailte ar a chéile 20, bhí sé an-chromtha.*

buaineadas f. Buaine 20.

buairthín f. 1. Ceangal idir dhá chois tosaigh bó 24A. 2. ~ trasna 19, ceangal ó chois dheas tosaigh go cois chlé deiridh. 3. ~ baic 20, ar chosa tosaigh caorach (?). 4. Cuirfidh sí ~ sa ngleann ort! 19, smachtóidh sí thú.

bualach f. Bualtrach. An-leasú é ~ na mbeithí 24. ~ bog 24A.

bualadh f. 1. Dúchan ar phrátaí. Ní math é an buala thíocht air na fataí ra luath 24. Níorbh é an fionnachan rua an ~ nó dúbhchan na bhfataí mar a tugtar freisin air 27.1455. 2. ~ coille (le géim a dhúiseacht). Réis dóiteán a' tí mhóir ní raibh aon chaint air a' ~ coille 27.1425. Trum tursach go math bhí siad go bhárr a' bhuala coille an lá sin 24 buaileann. 3. ~ isteach 31, feamainn reatha a chaitear isteach le trá. 4. ~ teangan 20, galar éigin ar bheithigh. 5. Tá an-bhualadh bóthair ar an mbóthar sin 20, tá an-trácht . . . 6. ~ báistí, drochfhliuchadh ón mbáisteach. Buala báistí a fuair mé an lá hana is ciontach leis a' stócht sin anois, mar fua sí go craiceann liom . . . 24 slócht.

buan aid. Marthanach, fadálach le hoibriú. Garraí ~ é 20, garraí a bhainfeadh achar fada as duine á chur.

buanach aid. Buan 20.

buarach b. ~ bháis 20, buarach bhaitheise, stiall de chraiceann duine mhairbh. Tá sé ina ~ agat 20, tá sé [gúna] cnaptha míshlachtmhar agat.

búataiseáil a. br. Ag siúl go tromchosach liopasta 20. Ag ~ thart 20.

bú bú. Agall iontais 19, 20.

buacla f. Búcla. Bróga buaclaí 19.

bug f. Miol. Ní bhéaradh sé ~ bacach orm féin 27.986. Ní fiú ~ bacach é 24 climíní.

buí aid. 1. Tá sí cho ~ le tóin nigger 24. Chomh ~ leis an mbuí áille (?) 20, . . . le táine /ta:n'a/ 20, . . . leis na bairnigh 20, . . . le cois lacha bhán 20. 2. An bhean bhuí, an ghrian. Ní dheacha an bhean bhuí faoi fós 20. 3. Bó bhuí 20. Capall ~ 20. Súile ~ 19. Gruaig bhuí 19, 20, gruaig fhionn. 4. ~ agus bán, ~ bán agus riabhach, amach is amach. Tá sé cinntí ~ agus bán orm í a dhíona 'mach 24 glas. Chlis sé ~, bán agus riabhach oru aon údar a bhaint as . . . 24 bainneann. Shéan sé ~, bán agus riabhach nach ra sé ar snámh, réis go ra 24 séanann. Níl aon bhabhta acu sin nár shéan sé ~ bán agus riabhach nach shé a thug a' summons orm 27.776.

búichraicneach aid. Le craiceann buí (le duine) 20.

buidéal f. 1. Ábhar díomá, 'pasóid'. Sí an bhean bhocht nuair a d'fhíl sí a fuair a' ~ 24 arán. Gheobhadh siad ~ maith 27.1073. Ní raibh aon fhear in Éirinn . . . is mó a fuair ~ ná é 24 leiceann, . . . ábhar díomá ná é. 2. ~ deataí, dada. Ní bhéarainn ~ deataí air na breithiúnais bhí ag a bhformhór 24 breithiúnas. . . . ní bhéaradh siad ~ deataí air fhéin ná oru 24 scéalaí. Ní bhéarainn ~ deataí anois air a' gcomhrá tá ar bun aguibh 24 comhrá. 3. Instealladh. Thug sé dhá bhuidéal sa ngualainn d' 33. 4. Shílfeá gur as buidéilín goine tháinig tú 20 - le duine bheadh an-ghléasta.

buil' réamh. 1. Bail, in éineacht le. (Tuis. a. ina dhiaidh). . . . nuair a bhí sí a conaithe ~ a mac 27.326. (Gin. ina dhiaidh). Nuair a fheicim é is ~ na ngealbhain a bhíos sé 27.1244. (Fora. ainmneach ina dhiaidh). . . . lao bhred macrasach ~ sí 27.493, . . . bhí a dhreatháir a bhí ~ sé sa teach 27.309. 2. Chuig. Bhuail sé isteach lá ~ fear a bhí díona teach 24 naomh.

buil' aid. Is ~ liom, is maith liom. Is ~ liom do chuid is ní ~ thú fhéin 20. Ní ~ liom a ghoil 20.

builcín f. 1. Scata beag. ~ réaltógaf 20. ~ daoine 20. An ~ 33, cnuasach áirithe réalta. 2. Ceathrar le chéile chun casadh thart sa 'half-set' 20. 3. Lastas, carnán. Tá ~ maith féir aige 19. ~ airgid 19.

buille f. Mire. Tá an fharráige ina ~ chuthaigh 19, ina stoirm dhearg.

builcín f. Bulláinín. Staicín go bhuláinín leathan géarrchosach a bhí an-bheate b'ea an ~ 24 Nollag. . . . a ceannacht ~ l'aghaidh na Nolag 27.26.

builín f. Bairíon aráin (ón siopa). 1. Iosfaidh sé

builíní 19, caithfidh sé tamall sa bpríosún. ~ *bruite ar bhainne* 20 – mias a dhéantar do pháiste nó d'othar. *D'ól sé muigín ~ bruite ar bhainne* 20. 2. 'Concertina'. *Ciodos melodeone é an ~ ? . . . sé díona ~ a' dá phíghín fadó, a raibh na dá thóin air, a bhí air ach ní raibh sé baol chomh mór* 24. *Fear a raibh meleodeon aige, an ceann a dtugadh muid a' ~ air* 27.181. 3. *Tá a láimh ina ~ 20, tá sí an-ata*. 4. *Tá ~ ina bhéal anois 20, tá sé curtha ina thost, tá a ábhar clamhsáin bainte de.*

buille. 1. . . . *i bhfúisceacht ~ de mhaide den choldáiste 19, an-chóngarach don . . . 2. Buille oibre. Níl ~ ar bith ar a bhean 19. Ní raibh ~ ar bith déanta aige 20. Níl ~ ar bith i nGaillimh anois 20. Níor bhuail mé ~ sa mbéim ó Nollaig 20, ní dhearna mé buille maith oibre. 3. Buille speile. Tá ~ mór air 20, tá sé (fear) deacair a bhaint. Tá sé [garraí féir] ina bhuille 20, tá sé bainte (ach níl sé craite fós). Tá sé ina bhuille speile 20, id. 4. *Faoi mo bhuille, ar mo dheis ag obair. Bhí sé faoi mo bhuille go breá* 20. 5. ~ *an réitigh, (a) An buille a chríochnós an troid go brách. An buille is féadr buailiú i nÉirinn ariamh, buile an réití, buailíor iniú é 24. Buailigí buile an réití air a' gcás agus ní buailiú 'ríomh níos féarr* 24. **(b)** Éascaíocht. . . . *dhiol siad í [capall] agus bhuail siad air bhuile an réití, a [g]cuid talúna a scaoile bán agus deire a chuir leis a stráicíl a bhí oru 24 stráicíl. Tá go leor ag buala buile an réití ar a' nGaeilge anois 24. 6. (a) Bualadh an chloig. . . . *bhí sí [traein] ag imeacht leis a' mbuile agus bhí meabhair mhaith aig na daoine air an chruic, sin é is ciontach le na bás 24 baint. Bainiu as mo bhuile in éanacht mé 27.545. 8. ~ ann is ~ as, braiteoireacht. Níl aige anois ach buil' ann nó buil' as a thíocht nó imeacht 24. Bhí buil ann is buil as acu a rachadh siad air aghaidh, ach fua 27.532. Tá ~ ann agus ~ as a'm 19. Bhí buil ann is buil as agam é innseacht sa bhfaoisdean 24 díolann. . . . atá buil' ann is buil' as agam an go na Seóighe nó na Siønnacháin í 27.931, tá mé idir dhá intinn. (Leis an aimsir). Chaith sé seachtain eile buil ann is buil as, tamal a sioc agus tamal briste 27.91. 9. *De bhuille is d'urchar, go tobann. . . . bainiu as mo chleachta go bhuil is g'urchar mé fhéin 24 braitheann. Chora [a] intinn go bhuile is g'urchar agus bhuail sé an buile a ra catha na dhé aríst aige 24. . . . hainic sé go bhuile is g'urchar treasna na sráide 24. Nuair a hainic a' múr go bhuil is g'urchar agus rinne sé práib aríst dó 24 urchar. . . . d'éire gála beag go bhuil is g'urchar 24 cineálta. Go bhuil is g'urchar d'aire mé gála beag á bhuaile a bpus orm 24 bealóig. 10. *De bhuille (de) dhruma, ar an bpointe, go héasca. Beidh mise a'd anois de bhuille dhruma 20. Tháinig sé de bhuille dhruma 20. 11. Chuile bhuille chomh . . . gach uile orlach chomh chuile bhuile chomh ríméadach is chomh gliondarach le muintir*****

a' bhaile 27.439. Chuile bhuille chomh maith leis 19. Tá mé chuile bhuille chomh dall air a' ngealbhán gáirín 27.1243. 12. Ar bhuille, ar tí. Nuair a bhí an chaint ar bhuile a bhe thart las siad na jóide móna 27.743. Tráthnóna breá a bhí ann agus bhí an ghrian air bhuile a ghoil faoi 27.502. Tá sé [garraí féir] ar bhuile a bhainte anois 20. Air bhuil' an troid sin tosú, agus cour an roimhe, déanadh réiteach 27.164. 13. Beagán. Bhí buille truai aige g'fhear acu 27.36. . . . fear air a' mbaile a déanadh buil íona dhá bhás 20 bás. Fuair na peelers in ainm 'na dhiaidh sin ó roinnt go na Protastúin a raibh buile aithne acu orthu 27.408. Chuireach méid a' mheall buil' imrí ort 24 meall. . . . thug a' gou buil áird mhath air a' gcorá 24 im. 14. Máchail. Bhí buile rouirc ar a' téacht agus a' méadú air a bhí go dtainic sé na dhall air fad 27.389. Bhí buile rouirc eirí agus dá mbeach a' cró cho mór le rotha imleacáin carr asail ní mó ná go gcuireach sí an snáth thríd 24 sin. 15. Is deas an ~ í sin 20, is deas an caillín cúirtéireachta í sin. 16. Ní bheidh ann ach buile air bhuile 24, 'fear plé' ag troid.

búilleach *f.* Bambairne, amadán. 1. *Tá mé i mo bhúilleach agat 20, tá mé i mo staic agat, tá mé sáraithe ag do cheist nach féidir liom a fhreagairt. Rinne sé ~ dhó 20, bhuail sé sa troid é. Deirtí fadó an té nach dtiúrfadh aire don scoil go mbeadh sé ina bhúilleach 20. 2. *Ag déanamh builligh dhíot fhéin 20, do do mharú féin ag obair.**

builtéar *f.* Cnaipe mór. *Builtéir de chnaipí iad sin 20.*

buimbiléad *f.* 1. Liathróid éadaigh mar a dheintí Oíche Fhéil Sain Seáin 20. 2. Duine ramhar 20. ~ *de dhuine 19. 3. Rud mór mishlachtmhar. ~ de choca féir 19. ~ de theach 19.*

buimpéar *f.* Gloinne lán. *Bhí sé goil a' líona ~ eile dhom dá licinn dó 24 líonann.*

buindrioball *f.* Eireabail sciota 20.

buinín *f.* 1. Coca beag féir 20. 2. Duine beag 20. 3. ~ *do mhiotail. Cuirfidh mise ~ do mhiotail amach 19, cloifidh mé ag obair thú. Téigh go ré agus ná cuir ~ do mhiotail amach 19.*

buinghiota *f.* Duine beag. *Ní raibh inti ach ~ 20, bhí sí [bean] an-bheag.*

buinneach *b.* 1. Scudán. *Tagann a' bhuinneach gheal air laontai óga, . . . ach seachain a' bhuinneach dhubbh 24. 'Boineach' a tugtar eirí nuair a haganns sí a ndé féar glas air stoc. 'Scaoil' má thagann sí le linn níneas 24. 2. Dath na buinní, dath mílíteach. 'Ní phósain chor a bith [í] déaras fear 'tá da na boiní eirí' 24. Tá dath na buinní air 20 (le duine).*

buinneach *aid.* Gan mhaith, suarach. *Chaithfeá go maidín ann le an fhead bhuinneach atá againn 27.998, - le fead lag nach gcloisfí taobh thall den abhainn. Níl iontach ach rudai buinneacha 20 (le éanacha laga). Scéal ~ 20.*

buinneán *f.* Bonnán. *Tá an-bhuinneán gutha aici 20. Ba gheall le ~ Bheárna thú ag búithreach 20.*

buinneán *f.* 1. Duine mór láidir. *Tá sé ina bhuinneán láidir 20. Is láidir an ~ fir é 20. ~ cead 20,*

fear mór gan mhaith. **2.** Luifearnach ard. *Tá na deabhail de bhunneáin sin ag fás ann* 20.
buinniúl *aid.* Láidir, tiubh. *Cho boinniúil agus atá na deiligne eirí 20 dealg.*
buiocha *b.* Buíocht. *Sé ~ na bhfiacra tá baint a' tslacht astu* 24.
buiochán *f.* Buíocán (uibhe) 24.
buíochas *f.* *Sfh. Ní dheacha a bholg chun buíochais le aon fhear riamh* 19, ní dhearna sé aon mhaith do shláinte duine an iomarca a ól ná a ithe.
buíog *b.* Ainm ceana ar bhó bhui 19. (Ní thabharfaí ainm ceana ar bhó go dtí go mbeadh lao aici.)
buír *b.* 1. Ceo deanaigh. *Dhá bhfeiceá an bhúir dheanaí d'eirí gon bhóthar* 24. *Cohartha báistí deanach bheith séide 'na bhúireanaí* 24. **2.** 'Colún' deataí. *Thainig ~ mhór dheataí as a' simléar* 24. *Ní bheadh garraí air a mbeala nach bhfeiceá ~ dheataigh ag éirigh as chuile thráthnóna* 27.1456.
buiscín *f.* Tille deabhail ag ~!, *Bíodh an deabhal ag ~, Ná raibh Dia le ~!* (agaill dhearbhaite), is cinnte dearfa. *Bíodh an deabhal ag ~ marar chodail mise aréir* 19. *Tille deabhail ag ~ mara raibh réabadh ann* 20. *Tille deoul ag ~ mar buil sé sách doimhní fós* 24 *doimhnióinn. Ná raibh Dia le ~ mura bhfuil sé in am aige thíocht abhaile* 19.
buireann *aid.* Baineann 20.
buireannach *aid.* Baineannach 20.
búiríúch *a. br.* Búireach 20.
búirín *f.* Práta beag ag fás ar phráta eile 20.
búistéarach *b.* Máinliacht. *Deir fear a bhí ag obair shiar sa gColáiste . . . go bhfaca sé cloigeann Mháire Sally leagtha air bhord i dteach a' bhúistéarach . . . ('búistéara' a thugadh siad air na surgeons)* 27.796.
búistíún *f.* 1. At mór 20. **2.** Duine mímhúinte 20.
buitiléarach *a. br.* Ag ~ air fhéin 20, ag freastal air féin.
buits 1. Dada. . . *gan ~ acub a tfocht* 20. **2.** Smid. *Níor hainic butch as a bhéul. Níor fhan butch aige nuair a labhair a' gárda leis* 24 *butch. Dheamhan butch a bhíodh ansin acu* 27.325.
buitsear *f.* Bricín beag nárbh fhíu a choinneáil. *Níl iontab ach buitsears* 19.
bullaireacht *f.* (Ag) iarraidh achrainn 19.
bumáil *a. br.* Súdaireacht. Ag ~ óil 20. *Ag imeacht ag ~* 20.
bumba *f.* Sórt tiachóige tuí le cearc a chur ag breith inti 19.
bumbailéara *f.* Duine ramhar 20.
bumbal *f.* Rud mór cruinn; baoi ghloine 20.
bun *f.* 1. Rúta, stumpa. . . *a' tuairt a bainní asum chreathach sé ~ darai* 24 *tinn. ~ raithní* 20, rúta raithní mar liathróid. ~ *coille* 20, stumpa de rúta crainn. **2.** ~ *féir* 20, coca beag féir. ~ *feamainne* 20. **3.** ~ *camáin*, ábhar camáin. *A' baint ~ camáin sin feicfhí [feicthe] roimh ré aguinn* 27.1252. **4.** ~ *dára*, blí bóin, luibh éigin. *Nach h-aisteach a' rud gur ~ dára a tugtar air sa mbaile is goire dhom . . . lán le bunannaí dára* 24 *blí bóin. Níl leigheas a bich cho math l'oe pian na bpúthógai a gheafá ó neantóig a fhuarú, le cupóig ~ dára a leagann leof* 24

púthóg. 5. Déanfaidh sé ~ 20, rachaidh sé chun cinn sa saol. **6. (a)** Scór i gcluiche cártaí. *Cén ~ é?* 20. *Cé tá an ~ ard?* 20. **(b)** Cluiche. *Tosach buin é* 20. ~ *a chúig déag* 20. *Tá an ~ ag goil amach* 20, tá an cluiche le críochnú an babhta seo. *Tá sé ag goil 'un buin* 20, *id. Chaith sé ar bhun a chúig déag é* 20, rinne sé an obair go sciobtha agus go neamhchríochnúil. *Ná codail ar bhun na deich fichead é* 19, ná codail rófhada ar maidin. **7.** Gnó, beart oibre. *Is maith a' chimre atá agam héin oru sin agus a' chaoi ar oibre an ~* 24 *dreatháir. . . á dhonacht dá ra an ~* 24 *díolann. Nuair a hainic a' ~ mar sin* 27.840. . . *go bhfeici cén chaoi ndeacha an ~ dhóibh* 27.217. **8.** *Tá sé i m~ na speile* 20, tá sé [fear] fágtha ina bháfocha mar a baineadh é. **9.** ~ *barr ná tuairisc níor chuala mé riamh go dtí anocht* 19, . . . tuairisc ar bith . . . *Ní bhfuair mé ~ barr ná tuairisc air* 19. **10.** *Chuaigh sé isteach ann ~ ar aghaidh* 20, . . . gan aon mhoilliú. **11.** *Rith sé i m~ a anama* 20, . . . agus faitíos a anama air. **12.** *Tá sé ar ~ leis an obair* 20, tá an obair ar siúl aige. *Chuaigh sé ar ~ ansin ag fuáil* 20, thosaigh sé ansin . . . **13. (a)** *Shuíodar ina m~ uiliug* 20, d'ídiodar ar fad go scioptha iad. **(b)** *Shuíodar ina bhun uiliug* 20, tháinig siad i dtír air, mheall siad gach rud uaidh. **(c)** *Rinne sé go ~ mé* 20, d'imir sé go dona orm, mheall sé go leor uaim le súdaireacht. **14.** *Bhí an mada i m~ na sála 'gum i gcatha na h-aimsire* 24 *sáil, bhí an mada ag fanacht leis na sála agam. 15. ~ os toll* 31, bunoscionn.
bun-adharca *b. iol.* Adharca beaga 20.
bunascine /buná'sg'in'/' *aid.* Bun os cionn. *Taobh ~ de do léine* 19. *Taobh ~ den scéal* 19.
bunastán *f.* Maide beat tiugh. ~ *de mhaide* 20.
bunbhalla *f.* Balla beag. *Hug mé m'oe air pháirc nach ra leiche ach ~* 24 *ritheann.*
bunchoilgneach *aid.* Roinnt colgach 20.
bunchrúa *aid.* Réasúnta crua 20.
bundún *f.* 1. Poll tóna, tóin. *Bhrúigh sé an ollann siar go ~* 20, go tóin (mála, etc.). *Chuir mé ~ dearg a thóna amach* 20, thuirisigh mé é go mór. **2. (a)** Duine dúr drochmhúinte stuacach 20. **(b)** ~ *leice, id. Mara tú an ~ leice!* 19. **3.** ~ *méiric* 20? **4.** *Snaidhm ar bhundún* 20 - ainm síóige sa scéalaíocht.
bundúnach *aid.* Drochmhúinte, colgach 20.
bundúntacht *b.* Drochmhúinadh, tuatail 20. *Nach ort atá an bhundúntacht!* 20.
bun-éasca *aid.* Réasúnta éasca 32.
bunfhaitíos *f.* Beagán faitís. *Bhí ~ orm* 20.
bunfhéasóg /'bun,i:so:g/' *b.* Féasóg bheag 19.
bunléasáin *f. iol.* Soilse áirithe sa spéir. *Maidin ar bith a bhfeice tú ~ shiar air na cnoic, ná cuir do gheáil as a' lá sin. 'bun madraí alta' a hugadh a' sean dream orthu nó air* 24 *bou.*
bun-óltach *aid.* Réasúnta óltach. *M'anam go raibh tú ~ aréir* 19.
bunritheacht *b.* Bunrith 20.
bunsonsá *f.* Sconsa beag 20.
bunshiúl *f.* Siúl réasúnta tapa 20.

bunshodair *f. iol.* Sodar measartha tapa. . . *sna* ~ 20.
bunúch *f.* Bunadh. *Marbh as Mionloch Máire Ní Bhriain, gurbh ea a* ~ 27.660. *Leanann daoine a m~ siar na céadta bhain* 24. . . *go b'iad ~ Sheáin a' tSagairt iad* 24. *Nach é ~ na ngadai caorach é* 24 *íocaíocht.*
bunúil *aid.* 1. Postúil, leitheadach. *Tá sí chomh ~!* 19. *Nach é atá ~!* 19. 2. Staidéarach, láidir. *Ní chreideá chomh beó agus chomh ~ is a bhí sé ar a chois* 27.951.
bunúlacht *b.* Postúlacht. *Le teann ~* 19.
bunús *f.* Barainn. *Níl aon bhunús sa teach sin* 20.
bunúsach *aid.* Barainneach, tiobhasach. *Bean bhunúsach í siúd* 20.
Búrcach *f.* 1. Ainm ar an té nach mbeadh cúig ar bith gnóthaithe i gcluiche cártáí aige, i leaganacha mar seo: *'Dhá dheich is cúig is an ~ fala'* 20. *'Fiche is a cúig is na Búrcaigh fala'* 20. 2. Cnaipe mór in imirt 20. 3. Fata mór 19.
búrd /bu:rɔ/ *f.* Béile mór. *D'ith sé ~ feola* 20.
búrdáil /bu:rɔa:l/ *b. 1.* Beathú. *Bhí sé fhéin a' ~ air fhéin* 20. *Bhí sé á bhúrdáil fhéin* 20. *Bhfuil tú búrdáilte?* 20, *bhfuil do bhéile ite agat?* 2. *Lóisteáil. Is ann a bhí sé ag ~* 20.
búrta *f.* 1. *Nach é an ~ bodaigh é* 20, nach é atá drochmhúinte. 2. *Chuir sé ~ dhá theanga amach* 20, *chuir sé giota maith dá theanga amach. Rinne sí ~ i mo bhéal* 20, *rinne sí [teanga] cnap le teann*

faitis.

búrlálann. Déanann burla de. *Ag búrláil na teanga siar ina bhéal* 20, - le teann oile.
búrlaimín *f.* Duine beag ramhar 20.
búrlamán *f.* Duine ramhar. 1. *Rinne sé ~ béice dhó fhéin* 20, *d'ith sé an iomarca.* 2. *Duine gan ghús. ~ baic* 20, *id. Tá sé 'na bhurlamán baic* 20.
búrlamántacht *b.* Giorraisce. *Is beag ar a chuid ~ é* 20.
bús *f.* Scléip, spraoi (gleoch). *Bhí ~ go maidin a'inn* 19. *Bhain sé an-bhús as* 19 . . . an-spraoi.
búscóid *b.* Spuaic. *An í an lár a thóig a' bhúscóid air do lámh?* 24. *D'oeri ~ mhór air dhroim láimhe an fhir* 24 *droim. Tá ~ air mo lámha ag obair le piocóid ó mhaidin* 24 *oibríonn.*
bústa *f.* Duine ramhar 19, 20.
bústaithe *aid.* *bhr.* Róthoirtúil agus liopastach. *Tá tú róbhústaithe* 19 - le iomarca éadaigh. *Nach ~ atá tú!* 20, *nach ort atá an iomarca éadaigh! Learachán d'fhear mór ~* 19. *Fear sách ~ é* 19, - le fear a bheadh tite i bhfeoil. *Snaidhm ~* 19, *snaidhm anásta liopastach.*
butún *f.* Putóg. *Tá a ~ amuigh* 20 - le cearc a raibh a cuid putógai ag síleadh léi de bharr gortaithe. *Tá a bhutún seo amuigh* 20 - le liathróid a raibh an t-aer imithe aisti. *Tá ~ ar an mála sin* 20, *tá at beag air a bhfuil cosúlacht pléascha air.*
buta *f.* Máilín beag. ~ *fata* 20. *Tá cupla ~ eile fós agaibh* 20.

C

cá dobh. ~ *bhfuil.* 1. Céard faoi?, cár fhág tú? ~ *'il an giarsa tá tí na gCoilm aige?* 20, *céard faoi . . . ?* 2. Cén fáth? ~ *'il tú goil?* 19, *cén fáth a dtáinig tú? Tá a fhios agam ~ 'il sib a' tíoht* 19, . . . *cén t-údar a bhfuil sibh ag teacht.*
cába *f.* *D'íosfadh sé ~ Chríost* 20, . . . *go leor.*
cabach *aid.* Béalscaoilte. *Ní shiadh na daoine a bhfuil siosca cainnte ar fad faof atá cómhairithe ~ ach iadsan nach bhfuil nídh ar bith a bhfuil rún beag a' baint leis á choinneáil acu féin* 24. *Tá an galra ~ air* 19, *tá sé béalscaoilte, ní féidir leis rún a choinneáil.*
cabail *b.* Béalscaoilteacht, rúnscaoileadh 20. *Tá an iomarca ~ air* 19. *Ar do chabail!* 20, *dún do bhéal!*
cabáil *b.* Cóipeáil ceachtanna a chéile ar scoil 19.
cabaire *f.* Duine rúnscaoilteach 20.
cábán *f.* Cábún. 1. Coileach gan mhaith 19, coileach nach nglaothadh 20. *Mac Cábáin* 32, *id.* 2. Fear pósta gan chlann 19. (*Cábún* freisin 19, 20).
cábán *f.* Puball ina mbeadh stealla (ar aonach, etc.) 20.
cabhairín. Ainm ceana ar bhó 19.
cabhlach. *Faoi chabhlach an tí* 24, *sa teach.*
cabhlae *f.* Achrann. *Nuair a thagann coulae beag eidir cómharsana* 24. *Níor airridh mé tarraingte isteach i g~ ná i gclampar é* 27.45. *Eidir na Roscana agus Peadar Liam Pheadair a bhí an ~* 27.626. . . *d'íosadh sibh ~ nó colóid . . . is beag*

le rá an beagán saighdhúirí a chuireadh a drochbhail oraibh len a gcuid gunnaí 27.35.

cabhsailéara *f.* Cunsailéir. *Nach tú an ~!* 19 (le duine róchainteach).

cabhsailéarach *a. br.* Caint iomarcach. . . *é ag ~ ansin* 19.

cáblae *f.* Achrann. *Bhí ~ aisteach ann* 20. *Fan uaidh sin nó tarraingeoidh sé i g~ thú* 20. *É fhéin a tharraing a' ~ sin air fhéin* 20.

cábláil *a. br.* Cornadh (rópa, etc.). *Rópa a chábláil ar a chéile* 20.

cábún : **cábán.**

cac *f.* 1. *Tá a chac deireanach déanta aige* 20, *tá sé ar tí báis. ~! ~!* 20, *a déarfai ag bagairt ar pháiste a bheadh ar tí rud salach a chur ina bhéal.* 2. *Bhí ~ le poll aige* 20, *bhí an-deifir air. ' ~ ar stiúir'* 20, *bádóir. ~ i ndiallaid* 20, *drochmharcach. Stop thusa, a chac istigh!* 20 (ainm drochmheastúil). *Ní raibh sé míle ó chac bó riamh* 19, *ní raibh sé i bhfad ó bhaile riamh. Cour leitiméaraí freisin nach ndeacha míle har chac bó aríomh* 24 *canúint. Go méadaí Dia ~ bó agus lóchna agaibh!* 20. *Ní fiú ~ a' deabhail a gcuid cainte muide* 20, *ní fiú dada. Tá neart a' mhola dhá fháil acu chum ar bich agus béidir ~ a deouil héin nach fiú iad* 24 *moladh. ~ dreancaide* 20, *lorg greama an dreancaide ar an gcráiceann nó an lorg fola dá thoradh ar an éadach. ~ dreancaide héin níorbh fhíú é* 24A, *níorbh fhíú*

dada é. *Ní móide gur bhfú ~ dreancaid a' rud a hinnsíodh 24 máilín. D'imitheadar is leáthdar i nós ~ an éin mhóir 24 mionnaíonn. Leágh sé [airgead] agus d'imi sé nós ~ an éin mhóir 24 éan. Bhí ~ an ghandail bháin aige 19, bhí cluanaíocht draíochta aige. Nach í a thug ~ a' ghandail mhóir dhó? 19, nach í a mheall é lena pósadh (déarfai é le bean ghránna a mheallfadh fear breá). . . gon saigheas abhráin agus ceóil atá ag imeacht anois agus le fada nach dtiubharfadh mo leithide . . . trí chac mada orthu 27.195, . . . nach dtabharfadh . . . dada orthu. Meas ~ mada ní raibh ar gharraí ná gort acu nach ndéanach sin 24 Samhain. Bhí rud aige go dimhin ~ muice lá ceo 20, ní fíor go raibh sin aige, ní raibh dada aige. Tá rud aige go dimhin, cac éanachai i mBleá'n Rí 19, id. Ní thiúrfainn ~ steairá /dári:/ air sin 20, ní chreidfinn sin. Deabhal blas anois ann ach ~ an tairbh ar an tine 20, . . . dada (tar éis ar gealladh). 3. Cladhraire, meatachán, duine suarach, . . . nach raibh ~ mór a bith bu mhó ná é reis cho mór is a bhí sé 24 fearúil. 'A chacanna móra! A chacanna móra!' a deir sé 27.75. Ara, a chladhraire, a chac na sé bhó déag! 20. Ní raibh aon chacanna móra sa tír ba bréine dhíobh féin ná an dream a rith 24 cruiteachán. Sfh. Dochartach, Clochartach agus Caonach, trí chac bodach na hÉireann 19. 4. ~ ar aithrist, aithris a dhéanfadh 'maidrín lathaí' de dhuine. ~ ar aithrist a bhí sé a dhéanamh 19. Tá sé ina chac ar aithrist aige 20. Deabhal ceo ann anois acu ach ~ ar aithrist ar a chéile 24A. 5. Fiatail. Diabhal é, á bhfásach a' ~ in feabar ciod a bheadh curtha ann cho hárd leis na craimn . . . dá n-imeóch a' bárr's a' ~ i mbárr na bhfiodach 24 glantóireacht. 6. Cacannaí cedáran 20, clocha buí áirithe a mbíonn puill iontu. 7. (Go) ~, go dona. Bhuail muid go ~ iad 20. Chlís mé go ~ air 20. Is ~ an scéal agat é 20. Boboga caca 20, 'púca' (le faitíos a chur ar ghasúir). . . an spágaire caca is beag a ghratha a bhí ag an arm dearg dó 24 ritheann. . . gurb é an ronnach a t'iasc is caca agus is saillith sa bhfaraige 24 ronnach.*

cáca f. ~ lasógaí, cáca bácuís a dhéanfaí gan claibéad a chur ar an mbácuís. ~ lasógaí a thugadh cuid go na daoine air, mar ba mhínic gur le máim cipíní críonna a dhíonadh lasóg eascaí a brúití iad sin 24. ~ thú 19, cáca beag tanaí a dhéantaí ar an thú. ~ teallaigh 19, cáca a dhéantaí anuas ar an teallach, tar éis é a ghlanadh. 2. Is é an truaí ~ a bhaint aisti 20, . . . ábhar déanta an cháca a bhaint aisti (an tine) (tá sí chomh breá sin). Is deacair ~ a bhaint aisti 20 (le drochthine). 3. Beatha. As clocha is mó a bhaint siad ~ 27.609. 'Tá leat anois', a deir sé, 'ó tá na scoráí a saoran an cháca dhuir' 24 scorach. Fan go mbeidh na fir suas, saothró siad neart ~ 24 saothrú. Is a néadan na spíle bhíoch sé air fad, bainnt ~ aisti 24, is ag obair le speal . . . ag saothrú a bheatha. 4. Bua. Is leat a' ~! 19, is leat an bua! (le duine a dhéanfadh gníomh gaisce, a d'fhuascloídh cruacheist, etc.).

cacann br. ais. agus n. ais. Níl ann ach mar a chac-

fadh an bhó é 20, níl ann ach duine réchtúiseach aineolach liopastach. Ag cac meannaí 24 ceannfort, ar creathadh le faitíos. Ní chacfaidh sí [capall] in aon áit amháin agamsa 20, bainfidh mé obair mhór aisti. Cacfaidh tú caol! 20, níl aon seans agat an rud atá uait a fháil. Sé chaoi ar cacadh muid 20, fágadh muid inar n-aineolaithe ar an saol. Cuirfidh mise ag cac istigh thú 19, cuirfidh mé faitíos ort, buailfidh mé thú!

cách for. Baintear leas as 'cách', ag tagairt do dhuine nach bhfeileann a ainm a lua, agus go bhfuil a fhios ag formhór an lucht éisteachta cé atá i gceist, e.g. *Dá bhféadfadh muid éalú ó chách 20. Cé ndeachaigh ~? 20.*

cadairne 1. Tóin mhór. *Caith fút ar do chadairne ansin 20. Bhí cadairne go thóin air 20. ~ tónach 20. 2. Í [cloch] a bhualadh ar an g~ 20, . . . ar an áit a mbrisfí go héasca i.*

cadás /kuda:s/ f. 1. *Ní raibh inntí ach ~ móna 20. . . móin bhán éadrom. 2. Níl aon bhlas san éadach sin ach ~ 20, . . . droch-éadach tanaí.*

cadhan f. Gé fhiáin áirithe. *Is minic a dúru i dtaobh Chonamara nuair a d'fheiceá na cnoic sna sléibhte geal le sneachta uait siar 'ní mhaireach na cadhain ann' 27.1401. Chuireadh a' tine a bhí air a tealach ann fuacht ar na cadhain 27.1401.*

cadóg b. 'Haddock'. *Dionú fearacht chadóg Joe Rod leis 24, caitheadh as a phost é gan coinne ar bith leis. (Fear saibhir a raibh cabhlach soitheach aige ba ea Joe R. [dzo: rað]. Chonaic sé mairnéalach dá chuid ag ceannach éisc, agus ag íoc fear eile lena thabhairt chuig an soitheach. Chaith J.R. amach as a phost é mar narbh fhiú leis a iasc féin a iompar).*

cadraillíúin iol. *Chuaigh sé 'mach sna ~ 20, chomhair sé rudaí go raibh uimhir an-mhór comhairthe aige. Nuair a théann sé sna ~ is deacair a bheith suas leis 20.*

cáfall f. 1. Camall. . . leis a' g~ ghoil ríd cró snáthaid mhór 24 cró. 2. Púca. *Bhí an cáfal na sloineadh [slaoineadh] trasna an bhóthair 24 éist-eann. 3. Bean mhór ramhar 20.*

cafaoineach. Camhaoir. *Bhí tú i do shuí leis a' g~ 19.*

cáfarnacht b. Caint íseal. *Chuala sé an cháfarnacht 31.*

caibhse. Caidhte. *Crúibín in a láimh, coemhse 'ráin sa láimh eile 24 crúibín. Ní fheiceá marlai ag imeacht an uair sin agus coebhse 'ráin in a láim[h] aige mar fheiceas tú 'nois 24 arán.*

caibiléara f. Caibléir 20, 19.

caibiléarach a. br. Caint ghaiscúil a bhfuil cur i gcéill ag baint léi. *Ag ~ chainte 19. Cén sórt ~ sin ort? 19.*

cáide dobh. Cá fhad? 1. (Le am) A. *Tú sé le teacht. B. ~? 20. Cáid' imí iad? 20. 2. (Le slí) Thumáil sé roimhe iad, deabhal fhios cáide - na mílte - go ndeacha sé isteach go hUachtar Ard 20.*

caidéis b. *Fuair sé ~ le m'athair cén fáth nach raibh mise ag goil aig an scoil 20, d'fhiafraigh sé de m'athair . . .*

caidéseacht *b.* Fiafraitheacht fhiosrach. *Bhí an chaidéseacht ag baint leis* 20.

caideo /ka:d'o:/ *dobh.* Cá fhaid ó? 1. *A. Chainic mé i nGaillimh é. B. ~? 20. Níl a fhios a'm ~ cheana bhris mé aon cheo 20. 2. ~ ó. ~ ó dhúisigh an páiste? 20.*

caideog¹ *b.* Cloch mhór nach mbeiféad in ann a chorraí - bheadh sí uachtarach. *Ní bheadh sí báite sa talamh 24A. . . . air a' gcartadh a thug sé go na caideogai móra ceithre cournéil, clocha cópála a bhí a déanamh éadan leis a bhfairge ann 27.1219. Sén bulldozer atá in an na caideogai móra sin a ghlanadh gon talamh 24.*

caideog² *b.* Péist bhog dhubh atá sa talamh 31.

caidhfte. Canda mór 19, 20.

caidhgide. ~ gadhar 31, paca a bhfuil gadhar agus céad ann.

caidhl mo leanthóg /,kail' mə 'l'anho:g/ *b.* Cailemhineog 19.

caidhleadh *a. br.* Sárú in argóint. *Bhíodar a' ~ a chéile 20.*

caidhleog *b.* 1. Calóg sneachta. *Níl ceó a bích a thit-eanns air a tala cho héadrum leis a' gcoelóg 24. Caidhleogaí 31. 2. (Iol. mar a. br.) Cur calógai. *Bhí sé ceoleogaí an uair seo agus chaon cheann acu chomh mór le píosa dhá scilling 27.934. . . . gur thosa sé caileogaí arís 27.937.**

caidís *b.* Caidéis 19.

caidíseach *aid.* Caidéseach 19.

caijearaí /kadze:ri:/ *f.* Díoltóir taistil éisc. *Bhí goin iasc orthu . . . agus nuair a thoech a ~ fhéin soir leis bhíodh sé díolta aige 27.26.*

caillín *f.* 1. *An ~ rua 20, an t-aon a hairt. 2. (Le rud, ní gá gur rud úsáideach é) Sin í an ~ bhfuil na dreancaidí inti 20 (le seanmhóin). Ba shin í an ~ a raibh brí inti 20 (le tonn mhór).*

caillíusach¹. Caillíocht. *Sin garla haganns ar na fataí . . . ina cháillíusach héin tá sé cho dona leis a' mbuála 24 fionachan. Réis nach bhfuil smaise ná glóire nadúr na Bédaitne sa mí seo, ina ~ fhéin tá breácha a' baint léiche a chuireach gliondar air do chroí 24 iúl. Bhí chuile fhear acu ina spealadóir ina cháillíusach féin ach chaitheadh a buláí i gcónaí tabhairt le rá gur bh é féin an spealadóir ab fheárr 27.1497. In a cháillíusach fhéin shíleá nach mór le rá tá an coileach a' glaothach 24 coileach.*

caillíusach² *aid.* A thuillfeadh aird, is fiú aird. *Lig mé har mo chluasa rudaí a bhfad ní ba cáillíusaí 27.86.*

cailleach *b.* 1. ~ *ultach* /aultəx/. Cleas áirithe ina mbeadh duine ina luí ar an talamh agus daoine eile anuas air. *Ag déanamh ~ ultach 20. 2. ~ na gcearc 20, cigire na héanlaithe. 3. Dhiún blas a dhéanfá dhá bhfaighteá saol na caillí Béara 19, . . . saol an-fhada. 4. ~ *abhainn*, luifearnach bhog ghlas a fhasann ar uisce éadomhain. *Seachain a dtiúra aon chailleach ouin sa mbeicéad uisce glan leat l'oe na maidine . . . 24. 5. Rópa tuí ar fhad an tí in aice leis an mbuntosp, leis an tuí a dhaingniú, nó clár leis an ngnó céanna a dhéanamh. ~ *adhmaid in áit ~ tuí 19. 6. Traidíl trí huairé na caillí mairbhe é agus b'fhéidir go ndéanfá é 19,***

traidíl trí huairé é (tagairt do seanscéal ?).

cailleadh *f.* Donas. *Bhí caile an chlampaí air Ó Móráin le aeráil agus le fiantas . . . 27.230, bhí an donas dearg . . . Nuair a déirtear go bhfuil 'caile an diabhail' air dhuine, atá níos mó ná ceart dhá dhéana ná dhá rá aig a duine sin 24. Bhí cailleadh an donais orthu amach faoi Fhéil San Seáin 27.1284. Caile dru is druáin [duáin] ort! (cineál easgainí, ach haruigh sin ní fhios agam cé an míniú tá leis) 24. Bhí cailleadh na malachí freisin air ag árdú lacháin óga tí leis 27.1370. . . . bhí ~ an mhídh-ádh air 27.320. Siad na fréamhracha atá aig a mbroimhéar a bhfuil ~ na mallacht orthu 27.1455. Ach tá caile shaol Éabh orú [seangáin] tranóna a' bith a n-oereó siad amach 24 sniógán. Bhí caile shaol [shíol] Éabh ar chuide go na daoine len a gcuid collóideacht 24 collóideach.*

cailleann. Maraíonn. *Níor fhág nó gur cháil an aois iad 27.1382. Níl tubaiste is measa go na healacha óga . . . ná báisteach throm mar cailleann sí iad 27.1392. Cháil flu mór a hocht déag na dhia sin é 24 cuireann.*

cailleoigín *b.* 1. Seanbheainín bheag 20. 2. Bean a bheadh thar aois a pósta ach a bheadh ag ligean uirthi féin go raibh sí níos óige 20. 3. *A chailleoigín!* 20 (focal a déarfadh seanmháthair le girseach bheag).

caillteach *aid.* Go dona. *Deabhal a raibh Toole fhéin ~ 19.*

cailltea(m)(n)as *f.* Cá'il do chaillteanas! 19 (focal a déarfai le duine nach ndéarfadh 'Bail ó Dhia ort!' tar éis labhairt ort). *Cá'il do chaillteanas! 34.*

caimearán *f.* Duine nó maide fada cam 20. ~ *de dhuine é 20.*

caimín *f.* Sáspan beag caite. ~ *na lachan 19. ~ an chuit 19.*

caincín, -each : cincín, -each.

caint *b.* Dhá ndéanfadh ~ dhó é, bhí sé aige 24A, rinne sé neart cainte faoi agus dá mba leor sin lena fháil, bhí sé aige.

cainteanas /kaint'ənos/ *f.* Suáilceas. *Gan aon chain-teanas 19.*

cainthéibh /kanh'e:v'/, /kanh'iv'/ *b.* Caint ag scata agus iad ag labhairt ag am céanna. *Bhí an-chainthéibh cainte acub 19. Is deabhaltaí an chainthéibh atá ann 19.*

caipín *f.* 1. *Cleas na gcaipíní 20, cluiche ina gcuirfi geasa ar dhuine is go ndóifi an caipín air mura ndéanfadh sé é. Níl lán ~ de ghaoth ann 19, ní aon ghaoth ann le bád a sheoladh. 2. Shocra siad a' ~ in éanacht air 24 cabail, thug siad an ide (bhualte nó chainte) dó a bhí tuille aige. Á dtagadh na cinn amach i bhfad níos bagarai leof, shocródh sin a' ~ oru 24 coláiste. Díreoidh mise an ~ ort 20, id. 3. Bhí an t-ádh i do chaipín 20, bhí an t-ádh ort. Catha sé go ra an tseamair Mhuire 'na ~ 24 stoca. 4. Tá ~ ar chnuic Iorrais Bhig 19, tá mullach ceo . . . 5. ~ easpaig 19, deis ar nós caipín easpaig ar bhárr simléir le go dtarraingeoidh sí. ~ an drisiúir 19, an clár ornáideach a bhíonn ar bharr an drisiúir. ~ an chliabháin 19, díon an chliabháin.*

Caipíní gabhair, cluiche buachaillí óga. Oienta breá gealaí a' díona caipíní góir nó sicíní Bhríd Éamoin 24 rith.

caiptín *f.* Captaen, an rud ba mheasa. *D'innis mé mo dhéarlaí beaga dhó . . . Bhí mé a' coinnéil a' chaipitín go dtí deireadh 24, . . . an peaca ba mheasa.*

caiptíneacht *b.* Captaenacht. *Is é bheadh ag ~ úirthi [ar bhád] 19. Bhí sórt ~ orainn 19. Bhí ~ aige ar a' chuile ní 19.*

cairbre(ach) *aid.* Cianaosta. *Le mo chuimre cairibeach (sic) 24 gléas. Leis na blianta cairbreacha 19. Ní fhaca mé le mo chuire cairbre cheana é 24.*

cairde *f.* Nuair a fuair mé an deis níor lig mé ar ~ é 20, . . . níor chuir mé ar cairde é.

caireachán *f.* Straoiseachán, cáraí 20.

caírín *f.* 'Croup'. *Cáirín asail 19.*

cairt *b.* Coirt (crainn) 20, 19.

cairteachaí *iol.* Cairteachaí/cartachaí Béarla 20, focail mhóra Bhéarla.

caiscín *f.* Beairtín (éadaigh, plúir, etc.). *Bhí ~ faoin ascaill aige 19. ~ beag pháir 19.*

caiscríú *f.* 'Corkscrew' 20. *Ffr. cascrú.*

caise : *gaise.*

caiseal *f.* 1. ~ na ciseoige 20, buinne béil na ciseoige. ~ a chasadh ar an gciseoige 20. 2. An chuid de shoitheach rounáilte ar bith atá ina bhéal, agus é níos leithne ná an chuid eile. *Suas go dtí ~ an phota 32.*

caisín *f.* Caiseal (*q.v.*). ~ na scitheoige 31. Nuair a bheidheas a' ~ air a' gciseán agut . . . 24. Shléa go bhfuil ~ a' chléibhín a tóirt hana . . . 24. . . dhá orlach go chaisín a bhí eirí 24 [ar an sciathóg]. *Chroch sí leathphota eirí a bhí suas go ~ le uisce 24 stócáilann.*

Caisleán an Phúdair *log.* A' ciad ar theach agus a' mhéid a bhí ann a bheadh siad nuair a déaradh fear go rabh sé 'chomh mór le ~ a' Phúdair' 24. *Má leanann dó [don bhuaichail] beidh sé cho mór le ~ a' Phúdair leis a' bhfás atá faoi 24 fás.*

caisimín *f.* Caisirín 20.

caismír : *ceasamar.*

caismirt : *casmairt.*

caistín cloch. Caislín cloch 19.

caít. Amadán. *Bhí sé ina cháit le rabh ólta aige 20.*

Tá sé 'na cháit le ól 19.

caiteach *b.* Seanbhean chaite 19.

caíteach.¹ Mapa túf 32.

caíteach.² Cáitheadh (farrage). *Ceo ar bich gur fhéad mé mo bhealach dhíona ag ~ na dtonn dhá bhuaile sa bpus orm 24 fonn.*

caiteog *b.* Bean thanaí, beithíoch thanaí 20.

caiteogach *aid.* Faoi chaiteoga nó bhúirlíní beaga. *Olainn a bheadh ~ 19.*

cáitheadh *a. br.* Ag ~ cainte 19, ag roiseadh cainte gan réasún.

caitheamh *f.* 1. Ithe, ól. *Chuir sé ~ i rud beag le n-ithe 20. Tá sé [bia] ansin a'm dá mbeinn in ann ~ a chuir ann 20. 2. (a) ~ aimsire, diomailt ama. . . tugú faoi deara nach rabh ann ach obair agus ath-obair, ~ aimsire agus dícheile gan a' cárr a*

*thóirt isteach sa ngarraí agus aon leagann amháin a bhe air an aoileach 24 cliabh. (b) ~ saoil, modh maireachtála. *Bu deas a' catha saoil é ag grabairí san am sin ar fea an Gheimre 24 cliabhán. . . . cén tsí mháireachtáil ná catha saoil a bhí air an sean-dream 27.134. Ba céasta an catha saoil a' saothrú greim a mbéil é 27.1014. B'fhéarr liom a' fursadh na déirce ná an caithea saoil atá orm 24 fursann. 3. Cumas uisce a chur de. Nuair a bheidheas tú a' tóigeáil a' ghróbh cuir catha an bhraoin sa bhfód cho maith is fhéatas tú 24 gníobh. Níl mórán catha báistí ins na mullaí tá ag na sneacha breaca air a gcuid neadrachaí 24 mullach. 4. Fánán. Tá ~ sa mbóthar 20. 5. ~ síos. Lochtú, masla. *Is mór an ~ síos air é 20.***

caitheann 1. Cuireann am isteach. (a) (Gan aon chuspóir a lua). *Cha' sé g'obair air a' ráile nó gur buailiú suas é 27.972. Chaith mé anonn is anall go díomhaoin 20. Chaith muid ag dul síos feadh míosa 19. . . . mar cha an solus lastai ann air fea na hoiche 24 lasann. A gcathadh sé buil muid go mbeadh sé dubh air a talamh . . . 27.52. Ní chaithfeadh sé in éanach leób 19. An té a d'fhéadfadh caitheamh léi 20 [le hobair]. (b) *Sílím gur cupla bliain ón Earrach a cha tú ó phós siad 27.1031. 2. Ceiliúrann. Bhí an bhainín a caitheamh 19. 3. Teilgeann. (a) (Le tobainne nó fuinneamh a chur i gcéill in ionad briathar mar 'leagann', 'cuireann', 'téann', 'súionn', 'lúionn', etc.) *Mé féin a caitheamh ar mo dhearnachaí chuige 20, dul ar mo ghlúine chuige. Chaith sé é féin anuas den bhadhsaicil 20. Chaith mé mé fhéin le froigh 20. Ó caitheadh sa gcomhlúadar mé 20, ó casadh . . . Meas tú cé gcaithfidh mé na rudaí seo? 20. Ag caitheamh airgid chuig sagairt 20. Fear a mbeadh fiacha caite air 20. Bhí sí [bean] caite in aghaidh an dorais feadh na hoiche 20. Dá bhfeicfeadh muid seanbhean ar bith bhí muid caite faoi thalamh 20. 4. (a) Cuireann (uisce) de. *Cathann clúch géamha agus lachain a' braon mar éanachaí uisce 24 clúch. (b) Cuireann (tinneas) de. Chaith sé é sin [an plúchadh] 19. Tá an slaghdán caite aige 19. (c) Cuireann (ualach) de. Air fhaitíos go gcaith-eamhach sí an lucht, a thóigfheá duiche an liosta mór 24 bád. 5. Maíonn, agus cleachtann bealaí áirithe dá bharr sin (le a. teibí mar gaol, dáimh, muintearas, cairdeas) *A' catha gaol leo, a' déanamh amach go raibh gaol agut leo agus a' brú muintreas orthu dá bharr. Ní raibh aon bhaol go gcaithí gaol le duine bocht 24 caitheann. Bhí siad a caitheamh gaol agus muintearas le na Proinnsiasaí eile sin ar fad 27.456. . . . a fear nó [a] mac nó duine ar bith eile go minic a ra sí a' catha dáimh leis 24 stoca. Bhí dream as i mbaile sin a' catha muintreas mór le cuid go mhuintir Mhionlaí tamal 24 clochar. Bhí Anraí a' cathadh mórtanas mór linne . . . 24 bóthar Shiubháine. . . . an mórtanas agus a' teanntás a bhí sí a chatha liom 24 bean. . . . ba deacair a samhail a fháil leis a' bhfáilte a bheadh aici romhat, an cáirdeas a chaithheadh sí leat agus an fhlaithiúlacht a bhí a' góil léi 27.1185. Bhí sé a'*****

catha caranas mór le na Blácaí 24 *Raisteri. Subháilceas mór a bích ní cha sé liom 24 stuacach.*
6. ~ *cic*, buaileann *de* chic. *Coinne 'mach ó dheiridh na bó air fhaitíos go gcaitheach sí cic* 24 *deiridh.* **7.** Maireann níos faide ná. *Is minic a cha an nead an tsneach bhreac í fhéin mar ní dhíonann sí ach aon cheann amháin 24 nead.* **8.** *Sé d'aithneofá as a athair – mar a chaitheadh sé as a bhéal* é 20. **9.** ~ *sa cheann, san inntinn, socraíonn san aigne. Bhí sé caite ina ceann an uair sin aici* 20. *Gabhfaidh mé ann ó chaith mé i m'intinn* é 20. **10.** ~ *i mbéal duine, casann leis suas lena bhéal. . . na mísgéana a rinne a muintir rómpa a chatha na mbéul aríst* 24 *béal.* **11.** ~ *faoi.* (a) *Chaith mé fúm ann* 20, shuigh mé síos ann agus d'fhan tamall ann. (b) *Chaith sé faoi ann* 20, chaith sé amach drú ann. **12.** ~ *ó, éiríonn as (caint sheafóideach). 'Cath uait', a deirim, 'agus ná bí leath chomh díthcheilí.'* *'Cath thusa uait', a deir Donnchadh* 27.1254. **13.** *Cuireann le fána. Tá an gála go m'chatha mar ní agum ach lea-mhaide* 24 *caitheann.* **14.** ~ *ar, goilleann ar. Sa bpíobán atá sé a' catha air* 24 *píobán.* **15.** *Cupán a chaitheamh, an rud atá i ndán do dhuine a léamh ina cupán. Chaith sí cupán dom* 19. *Ag caitheamh na gcupán* 19. **16.** *Chaitheach sé'n lacha air a' nead* 24, dhéanfadh sé rud ar bith dá dhonacht. **17.** (Mar *bhr.* cúnta). (a) *Is éigean do. M'é fheá a chaith an obair a dhéanamh* 20. *Ní cheal nár cha muid a súile tharraing* 27.124. *Chaith daoine é a loc* 20. (b) *Is é is dóicé go, ní féidir nach. Cheap-fainn go gcaithfeá a bheith* 20. *Chaitheadh aithne a bheith agat air* 20. *Chaitheadh sé go bhfuil* 19. **18.** (Le rud mar ainmní, i gcórsaí ama). *Chaith sé [gléas oibre] i bhfad agam* 20. *Chaith sé [rásúr] na blianta do mo bharradh* 20. **19.** *Caite (a)* (Gan aon chuspóir a lua), tar éis (rud éigin) a chaitheamh. *Tá Mac Shéamais caite* 20, tá . . . tar éis a vóta a chaitheamh. *Féach thíos Maidhc agus é caite amach* 20, . . . agus drú caite amach aige 20. *Bheadh sé chomh maith agat a bheith chaithe amach i bpoll móna* 20, . . . a bheith ag iascach. (b) . . . go rabh an bheirt caite dhaof ag a chéile istí ins a roilic 24 *beannaíonn* . . . go raibh an seaicéad caite díobh acu agus iad ag tosú ag troid. **20.** *Caite, níos mó ná. Bhí sé caite ocht gclocha déag meáchain* 27.46. *Bhí sé ~ meán-aois go maith* 27.55. *Tá an pháirc sin ~ chúig scóir coiscéim go maith* 27.1313. . . . go raibh sé ar bhuile an hocht mar [mura] raibh sé ~ é 27.265. *Cén fáth nach bhfuil glan-mheabhair aig chuile dhuine a bhí ~ an scór air a' mí bhred sin* 27.1507. **21.** *Caite, tanaf. Chomh caite le cú* 20, . . . le scadáin 19. . . . le fia 20. . . . le leath deiridh cuit 20, . . . le tromán tuirne 19.

cáithleach. *Cineál duilisce* 20. *Ag ithe ~ is carraigín* 20.

caithreogin *b.* *Giodán beag talún* 20.

Caitligeach *f.* *Caitliceach* 20, 19.

cáithnín *f.* *Dúradán. Ní chuirfeadh an pósadh aon bhlas inní uirthi ach oiread is a chuirfeadh ~ ina fiacail* 19.

caladh *f.* *Tá tú i g~ shábháilte* 19, tá tú in áit

shábháilte. *Is maith an ~ í an tine anocht* 20. *Tá tú i g~ maith anois* 20, . . . in áit chompordach. **calcach** *aid.* *Do-dhleáite. Beatha gharu chalcach í le cuir i mbolg rud a bích* 24.

calgach. *Planda a fhásann ar imeall locha a bhfuil barr air mar a bheadh béal corráin. Úsáidtear é le cloigeann a chur ar theach* 20A.

calpa /kaləpə/ *f.* *Colpa. . . é ag rith agus calpaí air* 19, . . . agus deifir air. *Tá calpaí faoi* 20, tá sé postúil.

calóg : **caidhleog.**

cam *f.* *Píosa de bhácús nó de phota a gcuirfí deoch do na lachain ann* 20. *Leagadh ~ bainne acub* 19.

cam *aid.* **1.** *Chomh ~ le corrán* 20, . . . le *corr chasta* 19, . . . le *cois deiridh cuit* 20, . . . le *bod mada* 31. **2.** *An láimh cham, breabaireacht. Is géarr gur thosa an láimh cham ag obair chomh maith* 27.840. *Ní raibh an láimh cham molta ariomh* 27.840. **3.** *Milleánach, cáinteach. . . is ~ a tsúil a thabharfhadh sé orm* 27.96. *Is ~ an tsúil a thug sé orm* 19. *Is ~ a bhreathaigh sé orm* 19. **4.** *An galra ~* 20, *galar caorach.* **5.** *Scéal ~ ort!* 20 (eascaine).

camaintí /kamin'ʲi:/. *Coiste éigin a bhí i mbun rílif. Aimsir an chamaintí* 20. *Nach mé an ~ agaibh!* 20 (le daoine a bheadh ag síor-iarratas): (< 'committee').

camall : **cáfall.**

camalóid *b.* *Píopa mór cam, maide mór cam* 19. ~ *de mhaide* 19.

camán *f.* ~ *caol* 19, *tobac casta a dtugtaí 'pig-tail'* air.

camán *f.* ~ *luaithe*, (a) *lasóg bheag ghorm a thiocfadh ar an tine. Comhartha gairfin é* 20, 19; (b) *bolgóg luaithe a shéidfeadh gaoth aníos* 19; (c) 'bobogha' le faitíos a chur ar pháistí. *Seachain a dtiocfaidh an ~ luaithe agus béarfadh sé leis thú* 20.

camchosán *f.* *Ag imeacht i gcamchosáin* 19, ag imeacht in aicearraí trí pháircanna.

camhaoir : **cafoineach.**

camóg *b.* **1.** *Béal cam an bhradáin. Ón gcamóg 'dtí an drioball* 20. **2.** *An chamóg mheara* 20, 19, an chamóg ara.

campa *f.* ~ *feamainne* 20, *burla mór feamainne a thiocfadh isteach leis an taoide. Bhí sí [feamainn] ina champaí móra* 20.

campáilte *aid.* (Feamainn) *lonnaithe ina champaí. Tá sí ~ sa gcaladh sin* 20.

camsá beirín. *Trioblóid, achrann. Níl fiacail sa drandál shuas . . . Sin é do mhaith . . . ní bheidh siad [na fiacail] a' cur aon chamsá beirín ort níos mó 24 drandál. Níor chuir sé aon chamsá beirín air Dhonacha Shabh Ní Fheatha sin amach* 27.25. *A' Dónach nach gcuirfí aon chamsá beirín orrain, bhí muid siúráilte a' ceapadh gur cuisle eicint a bhris ann le go dtug s'en cloife saor dhúinn* 27.67. *Camsá bioráin freisin. Fíobar woe sin amach* 27.25. *A' Dónach nach gcuirfí aon chamsá beirín orrain, bhí muid siúráilte a' ceapadh gur cuisle eicint a bhris ann le go dtug s'en cloife saor dhúinn* 27.67. *Camsá bioráin chuir an capall air a' bhfear, bhí chaon leadar aige eirí* 24 *leadar.*

canach *f.* **1.** (Le rud an-tírm) *Tá sí ina ~* 20. *Tá sé ag imeacht ina chanach* 20, . . . ina dhusta. **2.**

Rinne sé ~ dhó 19, stróic sé é ina píosaí beaga. Tá sí ina ~ aige 19.
cancar *f.* Ailse 20, 24A. *Nach mór a' ní nach bhfuil loes a bích air a' gcancur 24.*
canda *f.* Ceann de na píosaí adhmaid sa mbairrille nó sa gcuinneog 19, nó i gcille 32.
candáil *b.* Ceant. *Thug sé an soitheach as ~ 19, cheannaigh sé . . . ag ceant. Thóig sé as ~ é 20.*
cangailtín *1.* Písín tobac le cogaint. *Ag iarraidh ~ 19. 2.* Fear a bheadh ag siorchogaint tobac 19.
cangaíonn. Cognaíonn. *1. Changail tú an ordóg! 19, fuair tú fios. 2. Bhí sé a' canguilt faoi n'fhiacail go láidir 24, bhí sé ag caint leis féin i gcaoi nach gcloisfí é. 3. Changlódh sé clár daraí 20, d'íofadh sé go leor.*
canna *f.* *Sna cannaí dearga 31, ar deargmheisce.*
cantailín *f.* Duine beag cantalach. *Nach é an ~ é 19.*
cantal *a. br.* *Thosaigh sé a' ~ 20, thosaigh sé ar a bheith cancrach.*
cantalach *aid.* *Tá sé cho ~ le dris, ní bhaineach mac meáin ceart dhó 24 mac meáin, . . . le dris chosáin 19, . . . le mála cuit 24.*
caoch¹ *f.* Bradán scéite. *Sge an bradán seo hana, dheoun blas ann ach ~ 24 scéitheann. Bíonn an t-áirdeal céana ag na báilí ar na caocha is a bhíos ar na bradáin 24.*
caoch² *aid.* *Go ~ le seanmhada 24. Cho ~ leis a' mballa 24, . . . le Joe 24, . . . le gandal 20. 'D'fheiceadh a' deoul ~ sibh hal mó gheouch sibh aon phín go mo chuid-sa' 24 cuireann, ní bhfaighidh . . . go brách.*
caoi *b.* *Bhí ~ is cóir air 20. Níl cuma ná ~ air 20. Níl caoi dhéanta ar bith agat air 20, níl sé déanta go slachtmhar agat. Hé bí [cibé] caoi é, d'imigh mé is chuaigh mé abhaile 20, ar aon nós, . . . Ní raibh an mhóin ná an féar i g~ acub 32, . . . sábháilte acu. Tháinig an chaoi mhór air [ar asal] 19, rinne sé a chac. Tá ~ mhaith aige uirthi 20, tá sí torrach dá bharr. An gcuirfidh tú ~ ar bith ort féin i mbliana? 20, an bpósfaidh tú . . . ? (le fear).*
caoineann. *Chaoín sí a raibh ina ceann 19. Chaoín sé an deoir ab fhoide siar ina cheann 20. Chaoín sí go bog is go húr 20.*
caoinfhásach *f.* Fás borrrtha. *Bhí sé [garraí] ina chaoínfhásach 20, bhí borradh fáis faoi.*
caointeanas *f.* Gnaifúlacht, suáilceas. *Níl aon chaointeanas ceart acub 19. Gan aon chaointeanas 19. Ffr. cainteanas.*
caoithiúl *aid.* Deábhéasach. *Fear ~ é 20.*
caoithiúlacht *b.* Deábhéas. *Ní raibh aon chaoithiúlacht ann 20. Bhí sé ag déanamh ~ 20.*
caol *aid.* *Chomh ~ le cois ladhráin, . . . le tráinín, . . . le snáithe lín, . . . le bior próiste, . . . le maide sá plandaí, . . . le scadáin, . . . le biorán stoca 20, . . . le brionglán thú 19, . . . le cleath climín 31. Is ~ a sheans 20, is beag . . .*
caol-abhainn *b.* Abhainn chaol. *Níl ouin ná caol-ouin hart anois nach bhfuil na scairibh le glana astú 24 scairbh.*
caolaire *f.* Caolsháile. *An ~ sin amuigh 20 (le cuan na Gaillimhe).*

caolán *f. 1.* Stéig bheag. *Deabhal a miste leob sin á gcuirfeadh sé a chaolán amach 20, . . . dá maraíodh sé é féin ag obair. Tá a chaolán amuigh ag gabháil fhoinn 20, tá sé ag déanamh a dhíchill is ag cur stró air féin. Go dtuga an deabhal thraí do chaolán tónach é! 20. Ionró caoláin tuafill go dtugaí an deabhal dhuit! 31. Cuirfidh mé do chaolán amach! 20. Tiúrfaidh mise ar an g~ dhuit é! 20, buailfidh mé thú. 2. Glanadh na bó tar éis beirthe. Air cháil a' bhó a' ~ fós? Nuair a scarann beithí réis berra le na caoláin 24.
caolchos *b.* Fuil chaolchos 20, fuil bhorrtha, 'varicose veins'.
caoldroim *f.* *Iocfaidh an ~ aige é 20, beidh tinneas droma air dá bharr [obair throm].*
caolóig *b.* Garraí beag caol 20.
caomhúint *a. br.* Caomhnú 20.
caonúch *f.* Caonach 24.
caor *b.* *Caora cotha /ki:rħə kohə/, caora caorthainn 19.*
caora *b.* *Bhí sé ina chaora le ól 20, . . . dallta ar meisce. Casacht chaorach atá ort 19, casachtín bheag ghiortach.*
caorán *f.* Píosa beag móna. *Deabhal mórán achair go bhfaighe muid otche ag caitheamh caoráin air 19, . . . go mbeidh tórramh air (cleas tórraimh ba ea caitheamh na gcaorán).*
caoróg *b.* Liathróidín bheag ime 20. *Níl ann ach ~ 20, . . . ach beagán ar an maistreadh. Caoróigin 19, id.*
caorthann *f.* ~ caorthann, caor caorthainn 20. *Bhí sé chomh dearg le ~ caorthann as a cheannaí [ceannaghaidh] 20.*
capall *f.* *Dá n-inseá an scéal do chapall bhuaillfeadh sé cic ort 19 (le scéal dochreite). Téirigh ag maircíoche ar chapall Fheichín Mhóir! 19 (a déarfá le duine fiafraitheach nár mhaith leat a chuid ceist-eanna a fhreagairt). Tá deoch an chapail ólta aige 20, tá an iomarca ólta aige (agus é ar meisce). Capall bán fút! 19 (focal a deirtear nuair a ligeann duine sraoth). Bhí anró na g~ air 20, bhí an-anró ar. Bhí spídiúlacht na g~ air 20. Fear mór Goelge a bhí ann, ní louireach sé focal Béurla air chapall 24 ola. Bhí balla [boladh] bréan air a leacach ~ 24 bréan.*
captaen, -acht : **caiptín**, -eacht.
capar *f.* 'Copper' 20. *Píopa capair 19.*
cara¹ *b.* Bleid chainte. *Chuir sé ~ chainte orm 19. Bhuaíl sé ~ air 20. B'uabhásach an chara chainte bhuaíl sé air 20. ~ Bhéarla 20. ~ chomhrá 19.*
cara² *b.* Cora, áth ar abhainn 20, 19.
cara³. Duine cairdiúil. *Do chara is do choimrí 20 (focal a déarfá (i) nuair a chloisfí scéal uafásach; (ii) nuair a bheifí ag iarraidh réiteach a dhéanamh idir lucht achrainn). Do chara is do choimirce 20, id.*
carabhaidh /karəvain/. Ronnách de chineál áirithe, níos caoife ná an ronnach spáinneach 20.
caraid *b.* Gníomh cuiditheach. *Meireach a' charaid dtomú dó gheobhach sé lán na bliana 24. Tá go leor sa g~ nuair a bhíonnas a' crú air an gcois . . . 24.**

caraíocht *b.* Coraíocht, iomrascáil 19, 20.
carancam /,ka'raŋkam/ 1. Spraioi is rí-rá. *Bhí an t-an-charancam ann 19* (le oíche cheoil is spraioi). *Ag déanamh spóirt is ~ 20. Tá sé ina charancam acub 20, . . . ina rúille búille.* 2. Tóin. *Tiúrfaidh mé ar an g~ dhuit é 20. Tá sí á fháilt ar an g~ anois 20.*
caraos *f.* Carghas, crá croí. *Ní ligfeadh ~ dhom é a dhéanamh 19, ní dhéanfainn é, mar ghoillfeadh sé ró-mhór orm. Bhí ~ croí orm 20. Bheadh ~ orm é a dhéanamh 20, bheadh scruball orm . . .*
carbad *f.* Carball. 1. *Bhí sé cho math dhuit anois do theanga a bhuala in do charbad le bheith a' cuir cúirle air . . . 24 maith, . . . éirí as an gcaint . . . Bhuaíl sé a theanga faoina charbad 20, stop sé den chaint d'aon ghnó.* 2. (Le capall) *Ar an g~ bhíos an béalbhach 20.*
cardáil *b.* Bualadh, léasadh. *Fuair sé a chardáil 20. Tiúrfaidh mise ~ dhuit 20.*
cardán *f.* Carnán 27.90, 20. (*Carnán 20 freisin*).
carla *f.* Carda le haghaidh olainne. *Ní fiú stracadh na gcarlaí é 20, ní fiú dada é.*
carláil *b.* Cardáil 20.
carn *aonigh b.* *Níor smaointe 'fear na mbothán' - nó 'fear na gcarn-aoile' ainm eile a bhí air - iad a thóirt faon dlí. 'Sanitary officer' a bhí sa bhfear sin faoi rialtas Shasana 24 glanann.*
carnán *f.* ~ de bhean 20, bean mhór leathan.
carrach *aid.* Faoi fhás bocht míchothrom. *Sfh. Ná mol is ná cáin goirtín ~ na Féil Sin Seáin 20.*
carraera *f.* Carraeir. *D'íosfadh sé oiread le ~ 32, d'íosfadh sé go leor.*
carraig *b.* 1. *Tá sé ar charraig 19, tá sé curtha ina thost, tá sé i sáinn.* 2. ~ an Mhatail (log. i gCois Fharráige). *Marach thú bhí muid ar Charraig a' Mhatail 19, bhí muid sáinnithe, bhí droch-chaoi orainn.*
carthanas *f.* ~ coimírce, fonn carthanachta is coimírce. . . . ní spáineach sé mórán caranas coimírce go thada ar bith eile chun oiread 24 bailíonn. *Béidir go mbuaileach sé 'na charanas coimírce thú é a dhúiseacht agus láimh a bhuala faon eascail agus é a thóirt abhaile 24, . . . go smaointeofa ar chuidiú carthanach cosantach a thabhairt dó . . .*
cás *f.* 1. Buairt. *Bhí an-chás orm faoi nach raibh im ná bainne agam dó 20. Tá ~ orm faoi thú a ghortú 20.* 2. Náire. *Is beag an ~ atá ort faoina rá 20.* 3. *Bhí riar a gcáis acub 20, bhí a ndóthain acu.* 4. *Ar an gcéad chás de 19, ar an gcéad dul síos.* 5. Ómós, meas. *Ní raibh aon chás agam dó 20.* 6. Cáis (mar *aid*), ar leith, speisialta. *Lá cáis a leagtar air a leaba í 27.162. Nuair a hagnas lá éirí mach nó lá cáis 24 faracha. Nuair a thioctadh lucht cáis isteach a'd 20, . . . daoine a mbeadh ómós dóibh . . . Sceana cáis 20, sceana ar leith nach mbaintí leas astu ach ar ócáidí áirithe? Deoul mórán goirm air a' mbourd lá cáis ná lá féile mar buil sé [fuisce] le feiceáil leacai air 24 ól.*
cása *f.* Cás, deis a dhéanfaí le cláir chun an stroighean a mhúnlú ina bhalla 20.

casadh *f.* 1. *Lúb chas' an tsúgáin 24, 'cable stitch'.* 2. *Athrú beag (chun donnacha ar an aimsir). Tá ~ fuar ann 19.* 3. *Cailleann sa g~, cailleann an deis, ní thapaíonn an deis. . . . Cháil sé sa gcasa é a' catha an tsoluis ro-eascaí oru 24 bradáin. . . . in aon am go mo shaol ní raibh aon mháith liom a' fiarraí ach a' slogadh réir mar hinseáid dom. Cháil mé sa gcasa ansin go minic é 27.856. . . . gur cháil sé sa g~ nár mhol sé go na daoine an Ghoelge a choinneáil beó 27.259. . . . cháil mise sa gcasa é. . . nár iarr dó cén scoil í 27.39.* 4. ~ fóidín, casfhód (*q.v.*). *Thug sé ~ fóidín dó 19.*
cásaíonn. Caoineann easba ruda, bás. *Sé'n bran atá muid a chású 20. Chásaigh mé an bhó leis 20, . . . bás na bó . . .*
casann 1. *Casadh teach ceartan dóib 19. Casadh leabhair air 19. Chas braon óil dhóib 20. Casú tou an tsíl i mbliana orm 24 síol.* 2. *Tá an ionga casta air [ar an asal], . . . iompathe de bharr gan crúite a chur air.* 3. *Airse a chasadh, airse a mhúnlú is a shocrú. Fear as Condae Fui Eo a chas na háirsí 19.* 4. *Ag casadh bean leis 20, á chur ina leith go raibh sé mór le bean.* 5. *Speal a chasadh, casadh a chur i gcúil na lainne lena cur ar an gcrann 19, 20. Catha tú chuire speal nú a thóirt ag a' ngabha le casa 24.* 6. *Fuaimníonn. Tá rud eicint sa teanga air le nach bhféatann sé na foicle a chasa mar is ceart 24. . . . an chaoi a raibh focal san Ghoelge a' cliseadh eiri a chasadh nó a rá ceart 24.* 7. *Talamh bán in m'am a mbíodh fataí dá chuir ann is iomairí a déantafí. 'A' casadh talamh bán' a bhí dá thabhairt air 27.1451.*
casaoid *b.* *Thug sé an-chasaoid dhó 20, rinne sé an-chasaoid air.*
casaoideach *aid.* *Bhí sé an-chasaoideach air 20. Bhí sé ~ go maith orm, sílim 20.*
cascrú *f.* 'Corkscrew' 20. *Ffr. caiscríú.*
casfhód *f.* An fód a iompaítear ag treabhadh nó le laí. *Ní fhaca mé aon chasa air thala bán aríomh is gráine ná é, preab isteach is preab amach, leaba an chasfhóid a choinneáil deas cothrom díreach i ndia a chéile 24 casa. Bhí ort a [na preaba] ngearra le béul a' láí le bruach a' dorú agus é a iompó isteach air a' talamh glas ansin. 'An ~' a tugtai air sin 27.1451.*
casmairt *b.* 1. Caismirt. ~ chainte 19. *Bhíodar ag ~ le chéile 20. Bhí ~ eicint eatrab 20.* 2. *Hé brí céardós ~ chatha bhí ann 20, . . . achrann . . . (Caismirt freisin 20).*
casraíonn. Cosraíonn. 1. *Cascatha ag an deabhal go raibh sé 20.* 2. *Díblíú. Ag cascairt ar an mbóithrín 20. Ag cascairt ar Liam 20.*
casóg *b.* ~ dhá sciorta 31, swallow-tailed coat.
casúr *f.* ~ gabha 19, casúr nach bhfuil ladhar air, ach dhá cheann. ~ na bhfataí 19, na fiacla.
cat /kat/. *An ~ mara, an mí-ádh, an diabhal. Is cuma sa g~ mara ciod é an fá . . . 24 bealaíonn. Tá an ~ mara ort! 19. Is cuma liom faoi ard-bhonnaíochtaí an chuit mhara 20. (Ffr. cut - an t-ainm atá ar an ainmhí.)*
catach *aid.* Mullach dubh gruaige an uair sin air

agus é chomh ~ leis an madar uisce 20.
catach² *b.* Cailín catach. In ainmneacha dílse amháin, e.g. ~ *an Chéidigh, Páruic na Cataí* 20.
catachas *f.* Teas ar an geat. (Mar *a. br.*) *Tá siad a' ~* 19.
catamas *f.* Catachas 20. . . . *cut eicint tá faoi chatamas tá dhá dtarraint hart* 24.
cath *f.* *Tá sé ina Chath na bPunann eatab* 20, tá sé ina throid mhór eatarthu. (Seanscéal ann faoi Chath na bPunann.)
cathaidóir *f.* Cathaitheoir. *Nach é an ~ bradach é* 20. *Ar an deoul a hugach na sean ndaoine an cathaidóir* 24.
Cathal *a. dlí.* *Leigheas Chathail ar an tart* 19 – ól arís.
cathaoir *b.* *Chúns bheas Dia sa g ~* 20, go brách.
cathaoirín *b.* Cathaoir bheag. ~ *Sheán a Blác* 24 *drainse*, marcaoicht ó bheirt a chuirfeadh a lámha faoi na hioscadaí agus faoi na hascailí ag duine dá iompar.
cathú¹ *f.* *Tá ~ iontab* 20, chuiridís cathú ar dhuine. *Tá ~ ag an deabhal ort!* 19 (focal a déarfai le duine a bheadh ag insint bréag).
cathú² *f.* Galar súile a thagann ar chaoirigh a dhallann iad. *Teagann ~ orab* 20. *Tigeann ~ orab le droch-aimsir* 20.
cathúch *aid.* Cathaitheach. *Tá cártaí ~* 20. *Daoine ~* 20.
cé¹ *dobh.* *Cén áit? Cé ngeobhainn é?* 20. *Cé mbíonn sé?* 20.
cé² *aid.* *cheist.* 1. *Cén, cé na, cé mhéad? Cén fhuil atá teachtha?* 19. *Cén t-iasc bhí marbh agat roimh uair an Aifrin?* 20. *Níl a fhios cé na cuasnógaí bhí ann* 20. *Níl a fhios cé na daoine a chuaigh soir* 20. *Cé dtug tú air?* 20. 2. *Cé + sórt/nós > cé(ce) sós, cé(ce) dós, cé(ce) dós.* *Cé sós samhail de bhean a bhí inti?* 20. *Cé dós buille thug mé dhó?* 20. *Cér dós daol a bhuail é?* 20.
cé³ *for. ceist.* 1. *Cé is, céard is. D'fhág sin dáll [mé] céas cor gon áit anois ach go gcuiladh mé . . .* 27.909. 2. *Cé againn bean is sine?* 19. 3. (Le réamh.). *Cé de na trí ríochta is fearr a bhfuil dlíobh ann?* 19.
cé⁴ *An té.* *Mara bhfuil cé bhain san Earrach í* 20. *Is fearr é ná cé a chuaigh amach ag iascach* 20. *Is deas an rud deoch a ól, cé dtiocfaidh sé leis* 20. *Bheadh a fhios ag cé a mbeadh Gaeilge aige é* 20.
cé⁵ *cón.* *Cé beag a dhonacht* 24A, tá sé fíor-dhona.
ceábhraisí *iol.* Cearbhas. *Cáca ~* 20. *Ceábhraisí* 19.
ceachtar *f.* ~ *den triúr* 20. *Bhfuil ~ agaibh a' goil abhaile* 20 (le níos mó ná beirt). *Ní raibh aon tart air ceachtar dá dtáinig* 27.999. . . . ar dhuine ar bith dá dtáinig. *D'fhéadfadh trí chionán a bheith a'd agus gan a bheith iompaithe do cheachtar acub* 20.
cead¹ *f.* 1. Maide beag a mbíonn dhá cheann chaola air agus é ramhar ina lár, a bhuailtear sa gcluiche 'cead'. ~ *fuinseoige agus maide sailí* [is ceart a úsáid] 20. ~ *boic* 24 *cnap*, comórtas féachaint cé is faide bhuailfeadh an cead. 2. *Bhí sé ina chead*

aige 20, bhí sé [bod] ina adharc aige.
cead² *f.* 1. *Bíodh a chead ag an arú!* 19, is cuma céard a tharlós den arbhar. 2. Deis. *Tiúrfaidh mé ~ don uisce imeacht* 20. . . . *nach bhfuil ~ ag puth ar bith a ghoil isteach ann* 20. *Scala na fataí sibh mar dtuga sibh ~ fuairí dhaofa* 24 *scallann*.
céad *f.* 1. *An ~ beag sin é an ~ i gcónaí ach bhíodh sé scóir sa g ~ mór* (le plandaí cabáiste) 27.718. ~ *éisc, chúig scóir bheo, sé scóir mharbh* 19. 2. *Tá sé sna céadta deireanacha* 20, tá sé an-aosta. 3. *Nuair a chonaic sé ag ithe an eascainn mé . . . rinne sé iona na gcéadta dó* 24 *eascann*, . . . rinne sé an-ionadh . . . *dhéanadh sé mairn na gcéadta dó* 24 *buailteann*.
ceadaigh. *Ní cheideonainn ar an saol é* 20, dá mbeadh neart agam air, ní tharlódh sé.
ceadtach *aid.* *An t-an-gheim ~* 19, . . . greim anláidir. *Cén fáth an aire ghéar cheadtach* 19 . . . aire mhór. *Tá sé ~!* 32, . . . go hiontach.
ceáfar, -fráil : **ceápar,** -práil.
ceabhilliaras /,k'av'i'l'iərs/, /,k'ab'i'l'iərs/ *iol.* Daoine a bheadh ag guairdeall thart go díomhaoin. *Ní fhaca mé aon teach le ~ ach é siúd* 20. *Nach iad na ceabilliaras iad!* 20.
ceaign. *Teacht go ~,* bás a fháil (tagairt don cheaig óil ag an tórramh). *Meas tú an dtiocfaidh sí go ~?* 20. *Tá seans go dtiocfaidh sé go ~ anois* 20.
ceailendar /,k'a'landər/ *f.* Ábhar a chuirtear in éadach, e.g. i léine, lena neartú is a míniú 20. (< 'calander').
ceailí. Cál ceannann. *D'aithneóch siad a bhád i bpláta ~* 24 *báile*, d'aithneoidís in áit ar bith í. *Bárr ~ ort!* 24 *ceare* (eascainí gan dochar).
ceailibeas /,k'al'i,b'as/. *Rinne sé ~ dhó* 20, bhris sé é, mhill sé é. *Rinneadh ~ dhaom* 20.
ceainín *f.* Ceann beag, páiste beag. *Cá'il an ~ beag?* (le páiste).
ceapín *b.* Ceapach bheag 20.
ceapsail. 'Capstan' 19.
ceaird /k'a:rd/ *b.* Cearn. *Cén cheaird a bhfuil an ghaoth?* 32. *Tá an ghaoth sa gceaird cheart* 32. *Níl aon cheaird faoin domhan nach bhfuil Éireannaí ann* 32. *I g ~ eile den tír* 20.
ceal *f.* Easpa. 1. *Rinne sé ~ dó* 19, d'ídigh sé ar fad é. 2. *Níl a fhios cén ~ a dhéanfas mé dhíot* 19, buailfidh mé go mór thú. *Déanfaidh mé mo rogha ceal díot* 19. 3. *Cheal nach?* an amhlaidh nach? *Cheal nár imigh sé fós?* 20. *Cheal nár chuala tú cheana é?* 20. 4. *Ní cheal, ní hamhlaidh. Ní cheal nár rinne sé siúl, muis* 20, ní easpa siúil a bhí air. *Ní cheal ná raibh a fhonn orm* 20. *Ní cheal nach minic a smaoinim air* 24 *bruitheann*.
ceamach : **ciomach.**
ceangalán *f.* Rópa le beithíoch a cheangal 19.
ceanglachán *f.* Rópa le beithíoch a cheangal 20. *Bhris ceann go na beithí an ~* 24.
ceanastar *f.* 1. Duine mór 19. 2. Duine leathan-éadanach mórchloigneach mórshronach 20.
ceann *f.* 1. Cloigeann duine nó ainmhí. *Níor chuala mé a leithid ó tháinig mullach mo chinn ar an talamh* 20, . . . ó rugadh mé. *Ag baint ceannannaí*

capall 20, ag baint fóide móra móna. *Bhí sé deocair a ~ a bhaint* 20, . . . i [capall] a smachtú. *Ar éigin a bhain mé an ~ dhi* 20, ar éigean a d'éirigh liom í a smachtú leis an mbealbhach. *Thug sí [capall] a ~ uaim* 20, d'imigh sí ó smacht orm. *Níl sé ag tóigeáil ~ ar bith as ól* 20, ní stopann sé ach ag ól. 2. *Amadán. Rinne sé ~ dhó* 20. 3. *Deireadh. (a) Bhí dhá cheann mo ghoile orm* 19, bhí ceann suas agus ceann síos orm. (b) *Tá sé [coirce] ag titim dhá cheann* 20, . . . ag lúbadh anuas cheal a bhainte. (c) *An ~ deireanach d'óiche Nollac* 20, óiche an lae roimh lá Nollag. (Óíche Nollac 20, an lá roimh lá Nollag). *Ag imeacht ó dhá cheann an lae* 32, ar feadh an lae ar fad. (d) *~ a chur ar rud*, é a chriochnú. *Nuair a dhíolas tú beithí ríst cuir ~ air do mharga* 24 cluais. 4. *Ceanna* (sa gcomhárnamh) *Tá ceanna beithíoch aige* 20. *Cúig nó sé de cheanna títhe beaga bídeacha* 20. *Trí nó ceathair de cheanna poirt* 20. *Dúirt sé ceathair nó cúig de cheanna amhráin* 20. *Trí nó ceathair go cheanna cathaoireacha* 27.139. 5. *Cóir, aire. Cibé ~ a fuair a' garlach ón leasmháthair, nó gur éirigh a mac bhí aici féin suas, d'ime sé ar an uisce bruite air fad ansin* 27 garlach. 6. (Le réamh.) (a) *As cionn. Bhí sé go maith as cionn a ghraithí* 24A, bhí sé in ann go maith chuig a chuid oibre, agus an obair á déanamh go maith aige. *Bhí sé as cionn a ghraithe* 20. *Chuaigh sé as cionn staidéir* 20, thosaigh sé ag machnamh go staidéarach. *Chaith siad blianta as cionn blianta ann* 19, . . . go leor leor blianta. *As cionn an Chaisleáin* 20, amach sa bhfarraige, ar aghaidh an Chaisleáin. (b) *De chionn, de bharr . . . gan tada dá chionn* 19. (c) *I gcionn. I gcionn na seachtaine* 20 (i gceann freisin 20). (d) *Dul isteach i g~ mná, pósadh isteach i dteach. Isteach ina ~ a hainic Páidín mar bhí góltas beag tabúin aici* 27.373. *Isteach a g~ mná air a mBaile Nú . . . a fua Mikín* 27.1091. *Phós sé isteach i gcionn mra a ra cáil airgid eirí* 24 pósann. (e) *Ina cheann, i ndán dó. . . níl catha ina chionn le feabhas* 24, *caitheann, ní chaithfear go brách é. Ní raibh aon leigheas ina cionn* 19. *Níl aon triomach ina chionn* 32. (f) *I ndiaidh a chinn. Ag imeacht i ndiaidh a chinn roimhe* 20, ag imeacht roimhe gan aon cheann cursa ina intinn. (g) *Sa g~. D'éire sé sa g~ air fhear óg* 24 fód, chuaigh sé le báiní. (h) *Dul sa g~ sin leis, tabhairt faoin ngnó ar an mbealach áirithe sin. Dá dtéadh sé sa g~ sin leis* 20. *Ní ghabhfaidh mé sa g~ sin leis* 20. (i) *Thar cionn, an-dona. Thar cionn cionn* 20, an-dona ar fad. *Nuair a bhuaileann pian na fuarnimhe iad [na méaracha] tá sí har cionn* 24 fuarnimh. 7. ~ + aid. nó ainm sa ngin. (a) *~ caol. Bhí an ~ caol aige* dhó 24, bhí an chuid is measa den scéal aige. (b) *~ ceathrúna. . . cheap siad fear ar chaon ghóltas acu sin a n[á]focadh a' triúr eile an cíos agus an gearra leis, agus d'focadh eiseann a' t-iomlán leis a' máistir. Sin é an fear a dtugtaí 'an ~ ceathrúna air. . . bhí vót ag a' bhfear sin, ní rabh ag fear ar bith eile* 24. . . níl fhios again cén ~ ceathrúna a bhí air aon roinnt eile 27.510. (c) *~ easna /k'a:n 'asna/*

20, éadach fite de mheascán ollainne báine is duibhe. (d) *~ féile, an lá roimh an bhféile* 19. . . . *go dteagadh ~ féile* 19. *~ féile na Féil' Sin Seáin* 19. *Chuirfí rud eicint 'ucub le haghaidh an cheann féile* 19. (e) *~ fionn. Tá cró an tsnáthaid seo cho beag is nach gcuireach do cheann fionn a' sná ríd* 24 snáthad, . . . do dhícheall. . . . *mo cheann fionn ní ra in an a bhaint aniar* 24 greamaíonn. (f) *~ géar. Cuir an ~ géar romhat* 19, oibrigh go dian. *Dul sa g~ géar, dul go bun an angair, bheith dian digeanta. . . . gan a g(h)oil sa g~ géar dá thomhais* 24 géar. *Ní dheacha mé sa g~ géar sin leis a' deanaadh a' mharga* 24. *Ná téigí sa g~ géar sin air na fataí dhá bpiucadh, ná piucaí ach na cinn mhullaí* 24. *Is deacair a bhe sa g~ géar ná a' tromachan oru inniu* 27.53. *Ní dheachadh sé sa g~ géar sin leis air fad dá cheistiú* 24 géar. *Is miste a ghoil sa g~ géar le aon sárú* 24 géar. *Is minic a deir fear le treabhdóir . . . gan a ghoil sa g~ géar leis a' tórrain* 24 géar. (g) *~ géim 19, fear spreagtha (agus stiúrtha) siamsa. Bhíodh 'me géim' nó '[ceann] spóirt' á thabhairt air fhear a mbíodh a chroí ag éirigh le cibé géim nó spóirt a raibh chroí agus anam inti* 24 ceann spraoi. (h) *~ gnótha, an rud a chuir tús agus deireadh le gnó. Bu dhé an ~ gnótha é [an t-ól] lá cleamhnais agus marga* 24 ól. (i) *An ~ is fearr. Tá an ~ is fearr faighte a'inn air* 19, tá an obair beagnach déanta againn. (j) *An ~ is measa. . . sé a fuair a' ~ is measa dhó* 24 ceann, is é measa a bhí dá bharr. (k) *~ le fána* 20 fánán. *Bhí ~ le fána sa tsráid ann* 19. (l) *~ posta, ~ oibre, gnó áirithe ar bith. Bhfuil aon cheann posta inniu a'd?* 20. *Is dona an ~ posta bheas inniu ort* 20. (m) *~ rucu, . . . sén ceangal nó'n pionna é a choinníonn a' chéachta agus a' chuing i ngreim ina chéile* 24. *Tá na hannlai, an béim, a' clár, a' leaba, a' soc, a' ~ raca agus a' béilín a' díona suas a' chéachta* 24 céachta. (n) *~ an réitigh, duine a dhéanann réiteach idir lucht achrainn. (Deirtear le searbhas go minic é) An gcloiseann tú ~ an réitigh?* 20 (le duine a bhí ag cur an chúrsa chun aimhréidhe). (o) *~ scartha. Séard é 'an ~ scara' nó 'an bárr scara' an t-achar a rachas tú amach lena fóide a' leagann a ró isteach go dtí an bhruach. [ag scaradh móna le do lámha]* 27.1433. *Bhí mionnfhraoch go leór a' fás taobh amui gon cheann scarra* 27.1412. (p) *~ sneachta. . . ag a ngála gaoth noir a bhí ann agus braon báistí na bhéal a raibh ~ sneachta air* 27.116; braon báistí ag teacht ar an ngaoth agus sneachta le teacht ina diaidh. *Bu fuar a' lá a' treoe é, bhí ~ sneachta air a' mbraon a bhí sé a chatha* 24 treabhann. (q) *~ siamsa, fear spreagtha spóirt. Níl an cheann siamsa ar an mbaile ach thú* 19. (r) *~ spóirt, ceann siamsa (q.v.). Ba dhé an ~ spóirt air chuile thoramh é* 27.1015. (s) *~ spraoi, (i) ceann siamsa; (ii) ócáid siamsa. Bu mhór a ~ spraoi i dteach bainse nó a leithide é* 24. . . . *burbh é Máirtín a' ~ spraoi agus spóirt air a' méid a bhíodh a láthair* 27.666. . . . *agus is fada a bhíodh sé [amhrán] dhá ghóil air chuile cheann spraoi air a' mbaile* 27.458. (t) *~ tí,*

ceann teaghlaigh 20. (u) ~ *trom*, an chuid is troime, is measa. *Gheobhaidh sé an ~ trom den scéal* 20. *Is orm a bhí an ~ trom gon obair san áit a rabh mé socraí* 24.

céanna *aid.* (Le aidiacht) *B'fhéidir go bhfuil sé chomh maith ~ dhá uireasa.* 20. *Tá sé chomh dona ~ anois* 20.

ceannach *aid.* *Is ~ le, tá sé de dhánaíocht ann (rud micheart a dhéanamh).* *Is ~ leat é a rá liom* 19. *Is ~ leat an greim atá mé a chur i mo bhéal a bhaint dhíom* 19. *Ba ~ leat é a shártú siar i mo bhéal* 19.

ceannachóir *f.* Ceannaitheoir 20. ~ *cluaise* 24. *Sin fear atá g'éisteacht le do mhargadh . . . Bhí sé le mo chluais fads a bhí mé g'iarra [a] gceannacht agus fios mo mharga aige agus cho luath is a chonaic sé glanta as an mbealach mé ní rabh breith beo aige á gceannacht agus beagán earr is bárr a thóirt orthu* 24.

ceannaí *f.* 1. Duine suarach sreamláí. *Nach é an ~ é!* 20. *Séard é fhéin ~ de dhuine* 20. 2. *D'imreodh sé báire leis an g~ Fionn* 19, tá sé chomh dona leis an gCeannaí Fionn, tá sé an-ghlic.

ceannainn *b.* Ceannainn. *Bhí ~ bhán inti* [in easóg] 20. *Bhí ~ inti* [i gcapall] 20.

ceannasach *aid.* Tábhachtach. *Tréasmuiste go Lá Fhéil Muire Beag . . . ní aon fhéile ~ eile inntí* [sa mí] 24 *Meán Fómhair.*

ceannchrom /'k'a:ɲ,xru:m/ *f.* *Tá ~ air* 19, bíonn a cheann cromtha aige.

ceannfoirt *f.* Ceannfort. *Ba é an ~ orab é* 20. *Siúd é an ~ ar fad orub* 20, . . . an duine ba mheasa orthu. *Iol. ceannfoirteachaí* 20.

ceann-iomaire *b.* Iomaire ag ceann an gharraí. *Bhí siad ré an tráthnóna seo tréasmuiste go dhril thurnapai glasa a bhí hart leis a g~* 24 *péist rua.*

ceannleathan *aid.* Leathan as an gceann. *Duine bheadh ~ in uachtar* 20.

ceannleathnaíoch *aid.* Ceannleathan (*q.v.*). *Tá éadan breá ~ air* 19.

ceannspéarthach *aid.* Leis an gceann crochta le teann uabhair. *Tá sé seo ~ go maith* 19, tá siúl gaisciúil aige agus a cheann san aer aige.

ceannrachán *f.* Leath-amadán 20.

ceantálann /k'an'ta:lən/. Leagann, truisleálann. *Ceantálu mé* 19. . . *go bhárr a bhe dhá gceaintéil air fud a' tí* 242 *glaineacht, a bheith á chaitheamh soir is siar . . .*

ceantar *f.* 'Canter'. *Bhain mé ~ aisti* 20. *D'imigh sí sna ceantair* 20.

ceannús *f.* ~ *ceann*, smacht 19. *Níl ~ ceann ar bith air sin* 20. *Teach nach mbeadh aon cheannús ceann air* 20.

ceap *f.* 1. *Ón gcéad cheap sinsir* 32, ón gcéad duine (nó dream) ar siolraíodh uaidh (nó uathu). 2. ~ *tró, ceap treo* 19.

ceapann. ~ *do (de)*. *Urchar gunna cheap mé dhó* 20, cheap mé go mba urchar gunna é. *Ní pisreogaí ar bith a cheapann siad dhó* 20, ní cheapann siad gur pisreogaí é. *Bhí sé ag ceapadh fear maith dhó fhéin* 20. *Is minic gur bé an capall nach bhfuil na daoine*

a' ceapa' tada dhó a ghnúthanns a' rása 24 *ceapann.*

ceápar *f.* Ceáfar. ~ *damhnsa* 20. ~ *a bhaint aisti* 20. *Bhí ~ deas aici* 20, 'stíl' dheas reatha aici [capall].

ceápráil *b.* Ceáfráil 20. *Ag ~ damhnsa* 20. *Ag ~ ar bhóithrí* 20.

cearaictar /,k'a'rak'dar/ *f.* Dea-theist. *Bhí an-chearaictar air* 20. ~ *a fháil ó gharda* 20.

ceárbhaisí *iol.* Cearbhas 20. *Ffr. ceábhraisí.*

cearc' *b.* 1. *Ní amach faoi chearc a tháinig mé ná isteach faoi thír, ach oiread leatsa* 20, ní duine simplí ná duine nach dtógann ó dhaoine maithé mé . . . *Shílfeá gur faoi chearc a ligiú 'mach muid* 24 *ceapann, shílfeá gur daoine gan glus muid.* 2. *Ní bhéará ~ bhacach anois air a' rucán acú sin* 24, níorbh fhíu dada . . . 3. ~ *ascaill, beart éigin faoin ascaill. Cheapfá go bhfuil ~ ascaill agat* 20 (le buidéal poitín). *Cén sórt ~ ascaill é sin agat?* 19.

4. *Sna cearca fraoigh, ar mire le haeráil, le teaspach. Ta go leór daoine air a' saol seo ag imeacht ins na cearca fraoi le teann macruis* 24. *Bhí sin dhá chuir sna cearca fraoigh* 27.300. *D'ime na mná sna cearca fraoi air fad le gléas is le onóir* 27.149. *Tá mra' ag imeacht ins na cearca fraoi go bhárr a' ghléas tá orú* 24 *gléas. Tá sí sna cearca fraoigh* 20, tá sí le mire ag plé le pisreogaí. 5. *Tá tú chomh dona leis na cearca bhí ag goil go Crích Lochlainn* 20, tá tú go dona ag braiteoireacht agus gan a bheith ag déanamh dada. *Ní dheachaigh mise ariamh trí rith circe ón teach* 20, ní dheachaigh mé achar ar bith. *Ní fhágfaidh sé ~ aige a scríobfas an t-aoileach* 19, bándóidh sé é.

cearc' *f.* *Tá sé ceithre fichid bliain go maith anois ó bhí an chearc sa tír seo. Hainic fhúeanai go leor ó shoin agus ní tugú 'an chearc' orú* 24 *cearc. Fuíoll stú a dtugtaí 'an chearc' air a bhí air in fhear óg* 27.46.

céard *for.* 1. (Le *í*, nó *iad* ina dhiaidh) ~ (*fhéin ach oiread le bean ar bith?*) 20. ~ *iad sin a bhí inné a'd?* 20. 2. (Le réamh. roimhe) *Fiafraíodh dó a raibh sé in ann aon bhreithúinas a bhaint as ~ a bhí scríofa ar an ubh* 20.

ceardaíocht *b.* Oilteacht ar cheird. *Níl ceird ná ~ aige siúd* 20, ní scil in obair ar bith aige.

ceart' *dobh.* 1. (Gan séimhiú i ndiaidh *a. b.*) *Chuir sé drochbhail ~ air* 20. *Tá an ghaoth san áit chontráilte ~* 20. *Ba cailleach ~ a bhí ann* 20. *Nach mé atá caoch ceart* 20. *Sé a chuir deis mharfa ceart air fhéin* 20. 2. ~ *críochnaithe, amach is amach. Ní raibh a fhios agam ar amadán a bhí ann ~ críochnaithe go dtí sin* 20.

ceart' *f.* . . . *dá mbeach ~ sa g~ bu cheart dó tille a fháil* 24 *saothraíonn, dá mbeadh ceart le fáil ón dlí . . . Ní raibh leath an cheirt a'd leis* 19, ró-bheag a bhí tú air, cé gur lochtaigh tú é.

ceárta' *b.* Rinne tú scéal ceartan dhó, 20, rinne tú scéal mór dó, agus leath tú é.

cearta' *b.* Cearn. *Ins chuile cheárta gan tír a racha tú* 24 *leathnaíonn.*

ceartáil *a. br.* Teach le chéile mar 'cheárta'. *Is ann*

a bhionns siad ag ~ 20.

ceartas *f.* Níl cuntas ná ~ a'm leat 19, níl mé ag brath ort lena dhéanamh - déanfaidh mé féin é.

ceártráil *a. br.* Ag plé le rud ina choda beaga. Níor stop mé ó mhaidin ach ag ~ tae do chuile dhuine 20, . . . a roinnt tae ar gach uile dhuine. Is ort atá an cheártráil air! 20 (le duine a bheadh ag tabhairt rud leis ina ualaí beaga).

ceasach *aid.* Ceasúil. Beatha cheasach 24. Níl rud a bích go mhuca níos ceasaí ná iomarca go bhran trum 24. (ceasúil freisin 24, 20, 19).

ceasamar *f.* Caismír. Seáilíní ceasamar 19.

ceásán /k'esa:n/, /k'iasa:n/ *f.* 1. Duine catach 20. 'A chiasáin bhradach' 20, a deireadh a máthair le cailín óg agus í ag iarraidh a cloigeann catach a chioradh. 2. Fear a bheadh ag éirí liath agus ag dul thar aois a phósta 20. Tá sé ina chiasán anois 20.

ceásann. Fulaingíonn. Bhíodh na seandaoine ag céasadh an tsaol 19. Chéas mé an saol ann 20.

ceathánach *aid.* Ceathach. Lá ~ go math a bhí ann 24.

ceatharnach : ceithearnach, ceireánach.

ceathrú *b.* 1. Ceathrú acra. Bhí fear maith coráinn in an ~ chruithneacht a bhaint a lá sin 27.160. 2. ~ capaill, luibh éigin 20. 3. ~ chaorach 20, 'Atriplex patula'.

céibh *b.* Cé. In aice na céibhe 20.

céile *for.* An scéal a chur thrí chéile 20, an scéal a scrúdú is a phlé.

ceileann. Is maith atá sé ag ceilt na haoise 19 (le duine meánaosta a bhreathnódh níos óige).

céileoige *gin. b. mar aid.* Liathdhonn. Capall ~ 20. Dath ~ 20. Bó chéileoige 20.

ceilpeáil *a. br.* Ag cur deataigh in aer ag caitheamh tobac. Ag ~ phiopa 20. Ag ~ tobac 20. (Ag ceilpeadh freisin.)

ceilteach *aid.* Ag ceilt cárta is ceart a imirt 20. Tá tú ~! 20.

ceilteamas *f.* Ceilteanas. Tá sé [scéal rúin] faoi cheilteamas acub 20. Bhí neart ~ ann 20, bhí go leor imreoirí ceilteach sa geluiche cártaí.

céiltheo /k'e:l'ho:/, /k'ail'ho:/ *f.* Beithíoch céileoige (*q.v.*) 19.

céim *b.* 1. Ba mhór an chéim dó é a dhéanamh 19, ba mhór an gaisce. 2. Is math a' chéim dó a' trácht air dhaoine agus air áiteachaí a chonaic sé ins na hOileáin, shléa nach bhfaca an té a d'fhan sa mbaile tada 24, is gaisce leis, ach bheifí bréan de agus é a' trácht . . . 3. Coinníoll. Sin iad na céim-eannaí bhfuil mé goil a' díol an fheilim 24.

céir *b.* Smál, gortú. Chuirfeadh sé sin ~ air 20, dhéanfadh sé dochar dó, d'fhágfadh sé rian buailte air, d'imreodh sé cleas air a dhéanfadh dochar dó. Fágfaidh sé sin ~ ort 20. Cuirfidh mise ~ ort! 20. Chuir muide ~ Mhuimhneach air i ngan fhios 20, rinne muid cleas gránna air . . .

ceirbneach *f.* 1. Duine cráite anóiteach. Tá sé ina cheirbneach ag an saol 20. Tá sé ina cheirbneach ag an obair 20. 2. Duine beag caite. ~ beag suarach a bhí ann 20.

ceird *b.* Rath do cheirde ort! 19 (le duine a mbeadh

contráil ar siúl aige).

céireáilte *aid.* 1. Bealaithe. Talamh ~ 20, 19. Gaineamh ~ 19. 2. Smeartha. Bhí a chuid éadaigh ~ 20.

ceireánach *f.* Ceithearnach, fear mór láidir. Is deabhailtá an ~ d'fhear é 20.

céirin *f.* Leadán. Bhfuil aon chéirin air an gcupóig sráide sin? . . . a' catha na gcéiríní le chéile 24.

ceirín *f.* Gortú. Dá bhfách sí ~ sa gcúl, ní bheadh an oiread éirigh an airde faoithe. Dá gcuirfí ~ sa gcúl aige ní dhéanfadh sé a dhath dochair dó 27.1468.

ceirseach *b.* Cailín aerach meidhreach 20.

ceirseoigín *b.* Girseach bheag dheas 20.

ceirt *b.* 1. Ag cangailt na ceirte. (a) In imní is í bhfáitíos. Réis go raibh níos mó na Anraí a' cangailt na ceirte nó go raibh sí glanta mach acu 27.635. Tá sé a' cangailt na ceirte anois le fáitíos 24 canglaíonn. (b) Ag clamhsán. Bhí sí a' cangailt na ceirte faoi nach raibh sé a' pósadh 24 pósadh, bhí sí ag clamhsán . . . 2. Páipéar punt. Tiúrfaidh mé ~ dhuit air 20. 3. Níl pínn i mo cheirt 20, níl pingin ag gabháil liom.

chéis *b.* Slip mhúice. Nach í an chéis í 20 (le bean shalach).

chéiseog *b.* Slip mhúice 20.

ceisúinn 1. Lobhann. Cheisne na turnapáil ar fad orm i mbliana 24. Tá clár a' ceisniú sa mbád hana 24. Is minic le fiacaíl bhuid[h]e tosú ceisniú 24. Tá roinnt mhaith go c[h]jraimn na reilige a' ceisniú 24 reilig. 2. Tugann uaídh, cliseann. Fear bocht ra a rourc a' ceisniú air 24 dall. . . mar tá a shláinte ceisniú air 24. As a gcosa tá na caoire a' ceisniú orm 24. Tá na haobha a' ceisniú air a' bhfear 24 aobha. 3. Tolgann. Drochfhuaicht a fuair sí agus cheisne sí drochshláinte as 24.

ceisníonn? Ceistíonn 20.

ceist *b.* 1. Go mór i g~, an-tábhachtach. Is mór i g~ ina dtaobh tíre iad 20. Bhíodar [dream daoine] tráth den tsaol go mór i g~ 19. 2. ~ a chur ar. (a) Cur isteach ar, bacadh le. Ní chuireadh Taimín aon cheist air [ar an solas] 20. Ní chuireann a' mada aon cheist air aon nduine nó go mbéidh cuileáin aici 24. Ní chuir a' chaora ~ ar bith air na huain inniu 24. (b) Níor chuir sé aon cheist ar aon duine riamh 19, níor chuir sé ach rann. 3. . . ní ra blas ~ acú air theach ná air gharraí, níor bhac siad le . . . 24 ceist.

ceistneoir *f.* Ceistitheoir (ag scrúdú). ~ breá cóir a bhí ann 24.

ceithearnach *f.* 1. Fear mór láidir 20. Beidh sé ceithre bliana is trí fchid i mbliana. Is maith a' saol ceithearnai ó shin é 27.1003. 2. An chéad bhanbh den ál - is é is láirda a bhíonn 19.

cén (agall). Ar ndóigh, céan gá an cheist? 'Air éirí libh?' a deirim '~', a deir duine acu 'choinneódh sé scór dá mbeadh siad aguinn' 27.1072. ~ sin a deir tú? 24. Ara ~! 20.

ceo *f.* 1. Mí-ádh, smál. Bhí an oiread go cheó oru is go dtug siad áird air 24. Nach ort a bhí an ~ agus a' cat mara 24. Tá an ~ air na 'lads' a' breith air

a' mada beag 24 beireann. *Nach orm a bhí an ~ a' buaileadh mó láimh ann* 24 sraebh. *Go dimhin ní fear trom a bhí ann ach go ra an ~ craité air* 24 glan. 2. Mearbhall intinne. *Chuirfeadh sé clócaí ~ ort* 19, *chuirfeadh sé mearbhall ort*. *Anois is aríst buaileann slám ~ cour fhear agus do cheann finn ní bhéarach a leithde air aríst* 24 titeann. . . . *fear de Chloinne Maolamhnaigh fadó a bhuaileadh sé de cheo é, trí nó ceathair de cheanna caorach a árdú leis* 27 gadaf. 3. Cuid. *An bhfuair tú aon cheo eile den snáth?* 20. *Ní bheidh aon cheo phúir le fáil faoi cheann míosa* 20. 4. ~ *ar bith nach, is beag nach (nár)*. ~ *ar bith ach nár mharaigh sé iad* 20. *Dheamhan ~ ar bith ach go bhfuil sé ann* 20, is ar éigean atá . . .

ceobarnaíl a. br. Ceobhrán. *Ag ~ bháistí* 20.

ceochánta aid. Éasca, bríomhar. [Capall] *ag imeacht go ~* 20. *Nach é [duine] atá ~!* 20.

ceochodladh f. Codladh éadrom. *Ní raibh orm ach ~* 19. *Deabhal néal tháinig aréir orm ach ~* 19. (Mar a. br.). *Ag ~ sa gcaithoir* 19.

ceofrán f. Ceobhrán 32.

ceol f. *Bainfidh mise ~ as ach a dtiocfaidh sé abhaile* 19, *buaifidh mé é, ionsóidh mé le caint é, nó díbreoidh mé é. Feicfidh tú fhéin go mbainfidh mise ~ as* 20. *Nar ba slán ~ duit!* 19 (focal a déarfai le gasúr a bheadh ag caoineadh, nó le drochfhonnadóir).

ceolán f. 1. Duine beag, tanaf. ~ *dá shórt shléa nach mbeach cor air bith ann* 24. *Ceoláinín* 20. 2. Duine mearaithe. *Tá sé ina cheoláinín le ól* 19, *tá a intinn mearaithe . . . Tá ~ díonta dhíob* 19, *tá mearbhall curtha orthu de bharr a bheith ag cumadh bréaga dóibh. Dún do bhéal is ná déan ~ dhíom* 19. 3. *Bhí tú 'do cheolán ar feadh na hoíche* 20, *bhí tú corrach de cheal codlata ar feadh na hoíche*.

cés moite /k'ɛs mit'ə/, /k'ɛs . . . / *cón. Bhí praghas maith ar an móin i mbliana cés moite nár dhíol mise mórán* 20 . . . *cé nár dhíol . . .*

cheoch /x'ɔ:x/. ~ *amach!* 19, *allar leis an mbó a sheoladh*.

chí. 1. ~ *Dial!*, *agall treise dearbhaithe. Muise, ~ Dia nach ea* 19, *go deimhin ní hea. ~ Dia sin* 32, *is fíor sin!* ~ *Dia, nach breá an lá é!* 20. ~ *Dia fhéin go raibh an ceart aige* 20. ~ *Dia marar theastaigh sé* 19. ~ *Shí [chí] Dia dílis nach math iad na páirtí bheidheas buil muid a' bainnt a nfhéir* 24 páirtí. 2. *Doir ~ Dial!*, *Doir ~ Mac Dé!* 20 (agall dearbhaithe).

chóds. Chomh fada agus. . . *chods a mhaireach sé* 27.324. *Ffr. chúns.*

chomh /xə/ *con.* (Le aid. + le) *Breathnaigh an barr íochtaí, ~ dubh leis!* 20, *breathnaigh a dhuibhe atá. . . . Breathnaigh na leoraíós atá ann i mbliana, ~ mór leob!* 20. *An bhfeiceann tú ~ caol leob!* 20. *Tá an mí-ádh air, ~ fliuch leis* 20.

chugad for. réamh. *An Domhnach seo hugad* 20. *An Domhnach a bhí hugad* 20.

chúns. Chomh fada agus. ~ *d'fhan sé san áit seo bhí sé ceart* 20. ~ *nach dtiocfaidh sé faoi láthair*

beidh sé ceart go leor 20. *Ffr. chóds.*

ciall b. 1. *Bheadh ~, gheobhainn ~, thuigfinn, ní lochtóinn. Bheadh ~ teas, ach ba teas damanta bhí anso* 20. *Bheadh ~ fear a d'ólfaidh cupla pionta ach d'ól sé sin an iomarca* 20. *Bhí ~ cáite, ach tá sé sin ar an leabhar ag an bhfiach dubh* 20. *Gheobhá ~ fear a bheadh ar misce, ach bhí sé siúd as a mheabhair ar fad* 20. *Gheobhainnse ~ chuile arán ach buillín* 20. 2. *Instinn. Tá a chiall fhéin ag an gcapall* 20. 3. ~ *ghaoithe, tuiscint don aird as a bhfuil an ghaoth. Nach bhfuil aon chiall ghaoithe agat?* 20 (le duine a thiocfadh chuig doras na gaoithe). 4. (Tá cuir i n-gcéill /ɔŋ'e:L'/ *chomh coitianta le cur i gcéill*). *Sé aistil an fhir . . . a chuir a ngéil dom é scríobh* 27.77.

cianach aid. *Is fadó ~ an lá é* 20, *is an-fhada an lá ó shin é*.

cianóg b. An bonn airgid is lú. *Níl luach na cianóige déanta a'm ó d'éirigh mé inniu* 20. *Ffr. pionóg.*

ciapann. Cránn. *Bhí sé ag ciapadh an tsaol* 20, . . . *ag céasadh an tsaol*.

ciardhubh aid. Dubh agus briseadh dubh-bhuí ann 20; 'between brown and black' 24. *Capall ~* 20. *Ní bhíonn fonn ar bích air aon fhear gouin cíordhubh a cheannacht* 24.

cibfhliuch aid. 'Salach' le báisteach ceobhránach. *Lá salach ~ a bhí ann . . . sin lá salach báistí* 24.

cibileacht a. br. Fidleáil, cipiléireacht. *Nuair a bhéaradh [an eascann ar an mbaoite] ní raibh baol ar bith go rabh sí a goil a slogadh an phéist sa duán, ní bheadh sí ach a' ~ leiche* 24 eascann.

cible ceáible. Síorchabaireacht. *Bhíodar ann agus ~ acub* 20.

cíliú /k'il'i'lu:/. *Oibrigh a' ~* 20, *teigh ag obair ar dheasú na mbóithre. Bhfuil tú a goil ar a' ~?* 20.

cille. 1. Cíle (báid) 20. 2. (Go magúil) Bolg. *Cuirfidh sé sin blioin ar an g~ a'd* 20 (le bia maith). 3. Cnámh uchta (éin). ~ *lachan* 20. *Níl blas ar bith [feola] ar a ~ [le cearc]* 20. 4. *Tá ~ air [ar dhuine] le caiteacht* 20, *tá sé lúbtha agus droim géar air le caiteacht*.

cilleachán f. Reilig páistí gan baisteach 31.

cimín f. 1. Féarach. *Curaíocht air fad . . . ní raibh mórán cainnte air fhéar ná air chimín* 27.111. . . . ~ *glas na bháircceanna* 27.78. *Tá ~ agus cur a' brianú an-ghlas anois* 24 glas. . . . *gur ith siad a' ~ bhí fás eirí [ar pháirc]* 24 asal. 2. Garraí tí faoi fhéar. *Craithfidh mise sa g~ é* 19.

cimleachán f. Cuimleachán, duinin caite lag 20.

cimlónn. Cuimlónn. *Gabh 'nois agus cimil sop go do bholg!* 24 (focal a deirtear le teann feirge le linn achrainn).

cinc b. 1. Cuing (an mhuiníl). *Bhuail sé i g~ a mhuiníl é* 20.

cincín b. 1. Caincín 19, 20. 2. Caisirín 19, 32.

cincíneach' f. Duine a bhfuil caincín de shron air 20. *Nach é an ~ é!* 20.

cincíneach' aid. Caincíneach. *Srón chincíneach* 19.

cine f. *D'athraíodar a g~* 19, *d'athraíodar a sloinne*.

cineálta aid. 1. Ceansa, umhal. *Cho ~ leis an uainín*

caorach 24. 2. Mín. Tá sé cho ~ le snáth síoda 24 snáth síoda. Éadach math trom ~ é 24 dbhar. Talamh maith ~ le cur 20. 3. Ciúin (le farraige). Tá an fharraige ~ 19. Tá sé [caladh] fascúil ~ 19.

cineáltas f. 1. Séimhe iompair daoine. D'fhuagair sé air a' matúch bhí ag éisteacht leis a' cainnt, scapa air a g~ agus ghoil abhaile air a suimreas 24. 2. Míne. Tá sé [talamh] tugtha 'un ~ agat 20. 3. Séimhe, ciúnas. Bheadh ~ ag tíocht san aimsir 20. Ar an g~ 19, ar fharraige chineálta.

cinnire f. Fear pósta (mar cheann ar an mbean). Mo chinnire 20, m'fhear pósta. Ó d'imigh an ~ 20. Beannacht Dé le hanam do chinnire 19.

cinnleathan aid. Leathan as an gceann. Éadan ~ 20.

cinnite aid. Chomh ~ is tá cac in asal, . . . is tá poll ar do thóin, . . . Dia ina Dhia, . . . is d'éirigh an ghrian thoir 20, . . . le miona an leuir 24 focann, . . . is tá an ghrian ar an aer 19.

cinntíocht b. Cinnteacht. Níor rinne mise aon chinntíocht dhó 20.

cióch b. 1. Ag tabhairt ~ don láf 20, ag ligean an uchta anuas ar an láil le scíth a ligean. Ag tabhairt ~ don chlaidhe 20. 2. ~ srathra 20, lúb bheag a gceanglaítear an fáisceadh faoi leis.

ciócra b. Portach bog fliuch a mbeadh cfb ag fás air. Dá gcuirtí coill 'sna ciócraí sin thoir . . . 20. ~ bháite 20.

ciodaram. Agall ag iarraidh ar dhuine amhrán eile a rá nó port eile a chasadh 19.

ciomach f. Fear láidir (níl drochmheas i gceist). An-chiomach tacúil déanta a bhí ann 27.80. ~ láidir a bhí ann 24 dual. Ann-chiomach fir a bhí ann gan dabht 27.905. ~ d'fhear fóldán láidir mar é 27.906.

cion. 1. Deis, cumas. (a) (Le a. br.) Bhí ~ oscailt air chaon cheann acu le na báid mhóra agus steamers . . . a ligean aníos nó síos chuig a' gcuán réir mar a d'fheíl 27.853. . . . aon ghréithí a briseadh a raibh cionn deasu air cuiriu cupla greim ann . . . 27.141. . . . d'fhéad cionn foscaill a bhe orthu l'aghaidh na stocai a choinneál suas 27.147. . . . na seasa ansin agus air chuile ardán is cnocán eile chomh maith a raibh deis acu an bád a fheiceál agus cionn cloistéal air a' gceól 27.183. Nuair a bhí cionn feiceál aige air an iasc 24 liús. Níl ourlámh a' bích air a' mbád aige gon oiread linne le go mbeach aon chionn dólta aig eirí 24. (b) (Le ain.) . . . ní ra aon chionn urachair againn oru 24 scata. Le éirigh a chuir sa gcead go mbeadh cionn buile agut air 27.193. . . . clai nó balla a raibh cionn léime aige air níor fhág sé go na [gan a] chaitheamh 27.665. Ní fhéatá a ghoil an ngoireacht cionn blaodh dhaof ag a rabh bailí timpeal oru 24 bailtón. 2. Ábhar. Ach is minic a dúru go rabh cionn sárú air 24. Tá ~ aguis agam 32, ábhar aguis a chur leis an scéal. Má cheapann tú gur ~ peaca dhuit ghoil ag na pictiúirí 24. Tá sé ~ seacht bhfóide 20, tá seacht bhfóide [ar leithead] ann. 3. Ní bhainfidh mé ~ do thomhaise dhuit 20, má thomhaiscann tú ceart, ní cheillfidh mé ort é. 4. Sciar, cuid. Fuair sé a chion den tsaol 19, fuair sé saol fada. Chaith sé ~ an fhiúntais 19, sheas sé

deoch don chomhluadar. . . . go bhfuair sé cionn air a chuid cainnte 24 míonnaíonn, gur tugadh aird air, gur creideadh é.

cionach. Rinne sé ~ dhíob 19, stróic sé, mhill sé iad. Rinne sé ~ dhá leabhar 19.

cionnáirt b. Ceannadhairt. Tá do chionnáirt ro-ard 19. Ísligh mo chionnáirt 19. Is maith an chionnáirt atá aige sin 31.

ciónán f. Cloch mhór. Ciónáin mhóra 20.

ciónnann. Tugann aire do. Ciónnfaidh sé na beithígh 20. Má chionnann tú an teach 20. [< i gcionn].

ciónórach. Cion, cuid. Rinne mé mo chionórach fhéin dhó 20.

ciónórtas f. Cion, cuid. Níl le déanamh ag aon duine ach a chionórtas féin 32.

ciór b. Ní bhaineadh ~ ná raca as a cheann ón lá sin . . . nó sén fear a bhí réis éagtha a bhí hart ann 27.271, ní chuirfeadh rud ar bith ina luí air nárbh é . . . Ní bhainsheach ~ ná raca as ceann na mra . . . nach shé fód a bháis a hug amach é 24 bás. Ní bhaineach ~ ná raca as ceann na ndaoine nó sén drochmheas a cha sí leis na fatai a hug a' m'ádhd eiri 24 fata.

cióradh f. ~ mullaigh, achrann (ag mná ag tarraingt gruaige a chéile). Bheadh sé 'na chíorra mullaí dá woec sí an deis greim a fháil air Bhrid 27.1005. . . . má thosaíonn a' ciora-mulaí i dteanta na mbuillí, abair an uair sin go ra sé 'na chath na bpunann 24 cath. Nuair a thagann sé 'na theasaíocht mhór eidir dhá bhean . . . is minic leis a théacht ina chíora mullaí eatra 24 gruaig.

ciortha aid. bhr. Tá an teach ~ 20, tá cíor (tuir) curtha ar . . .

ciortlán. Colainn atá cuachta ina ceirtlín. Cor agus cra í, a choileáin. Buail fút í air a' tulán. Leag cois air a ~ agus bíoch agut a píobán [a dúirt Fionn leis an gCoileán Con] 24 coileán.

ciós f. Ag tóigeáil beithígh chíos 20, ag tóigeáil beithíoch ar íocaíocht ón úinéir.

ciotach aid. Clé. Rug sé air gheim cába orm lena lámh chiotach 24 ritheann.

ciotail b. Ciotáí. Bhí an chiotail ag baint leis ariamh 20.

ciothánach aid. Ceathach 20.

cipín f. 1. Sprioc nó teorainn a gcaithfí géilleadh dó. Níl aon chipín leis an am anseo 20, níl aon ghá rud ar bith a dhéanamh roimh am ar bith. Níl aon chipín agam leis 20, níl aon chruóg agam leis. Níl aon chipín le tada a'inn 20, níl aon teorainn leis an méid a chaitheann muid, ní dhéanann muid aon spáráil ar thada. Níl aon chipín agam leat 19, níl aon deifir agam leat. 2. Ina chipín, an-tírm. 'Tá sé [féar] na chipín' a deir fear tar éis gréinne dhá lae a bhe fáite air a talamh aige 24 báisteach. 2. Dheamhan a' ~ a mbeadh a chloigeann dóite a fhiúraidís dhuit 20, daoine sprionlaithe iad.

cipínteacht f. Plé le hobair éadrom, fídeáil. Níl mé ach ag ~ inniu 20. Ná caithe an fhad eile ag ~ leis 20. Roinn amach é [cáca milis] is ná bí ag ~ leis 20, . . . á roinnt ina phíosai beaga lena spáráil.

cúircín trá. 'Redshank'. *Eínín deas a' ~ agus í ag útlí gon saol mór air fad. Dearg tá goib agus cosa na gcúircíní trá 24.*

cúircín b. Cúircín cúircé 20.

cúircín b. 1. ~ na dúirlinne 20, an iomairín is airde ar an dúirlinn. 2. *Bhuail siad sa g~ é 20, . . . sa gcleogeann. Chuaigh an braon sa g~ aige 20, . . . sa gcleogeann aige. 3. Mara gcuirfidís ~ air 20, mura gcuirfidís cnap ar a chleogeann le buille.*

cúis b. 1. *Dhéanfadh sé ~ ar an lathaigh dhóm 19, dhéanfadh sé rud ar bith dom is cuma cén dochar a dhéanfadh sé dó féin. (Luffeadh sé siar sa lathach agus ligfeadh sé dom siúl air). Dheamhan blas a dhéanfadh sé dhuit, dá ndéanfá ~ ar an lathaigh dhó 19. Dhá ndéanfainn ~ ar a lathaigh dhuit, ní mórán bhúochais a bheadh a'd orm 19. 2. ~ Mhuire faoi do chois! 19, déarfá dá bhfeicfí duine ag sciarradh; agus le beithíoch nuair a bheifí á chur amach.*

cúisteanach b. Cúistin 20, 19.

cúit b. 1. *Ní raibh seasamh ceatha ar bith ann 20, ní raibh teacht aniar ná fulaing ar bith ann. 2. Tá ~ slaghdán orm 20, ruaig slaghdán . . . 3. Cuaifeach. Hobair cruach is stáca bhe oerí go bháir a' chith . . . 'squall' 24. ~ fheochain 24A, id.*

cúitl /k'itl' / f. Cúiteal 20. Rinne sé ~ dhó 20, bhuail sé é. *Tá mé i mo chítl 20, tá mé i sáinn, i mo staic.*

cúibaí. Asal bainneann 19.

cúiuin aid. Gan puth gaoithe. *Bheadh sé chomh ~ is dá mbeithéad istigh i mbolg na bó 19. Tá sé chomh ~ is nach bhfuadódh cleite chumhaí dá scaoilféad uait san aer é 19. Chomh ~ le maidín Shamhraidh 19, . . . le cut 20.*

cúiuineadas f. Cúinas 20. *Is deas é an ~ 20. Ar an g~ 20.*

cúiumhais b. *Corrán a ghearr mé ar chúis mo bhoise 20 . . . ar imeall mo bhoise. ~ na méire 20. I g~ an bhaile mhóir 20.*

clabar f. Clabaire. *Tá an ~ a' srúl air fad is gan bun ná bárr air a chuid cainnte. . . áird a thóirt air chainnt a' chlabair sin 24.*

clabhaitéara f. 1. Bligeard 20. 2. Leathamadán 20.

clabhaitéarach b. Bligeardacht 20.

clabhaitín f. Naipcín linbh 20.

clabhstar f. Gasúr maolaigeanta. *Nach é an ~ é 20.*

clabháta f. Scamall. *Shilféad gur ~ den spéir a bhí 'ugat 19 (a déarfá nuair a d'fheicféad fear an-mhór chugat).*

clacsáil b. 1. Siúl místuama nó torannach. *Is ort atá an chlacsáil 20. Déanfadh tú ~ 20. 2. Tá an-chlacsáil i bhfarraige 19, tá torann ag an bhfarraige gharbh.*

clacsáil b. Duine a bhíonn ag clacsáil sa siúl 20.

cladach f. 1. Go leor (de rud ar bith). ~ airgid 20. *Bhí fuisgí na chladach ann 27.186. Bhí pórtar dá thabhairt amach ina chladach ann agus dream ann lena shlogadh 27.895. 2. 'Praiseach' . . . hainic a' bháisteach agus rinne sí ~ dúinn 24 scfth.*

cladáil /klaða:l' / f. Imirt ghéar (le cártai). *Bhí an-chladáil ann 20. Bhí an-chladáil imeartha ann 20.*

cladóir f. Duine bhíonn ag obair sa gcladach. ~ bán

19, duine fánach gan fir na hoibre ann. *Nach é an ~ bán atá á thóigeáil go réidh 19.*

clagóinseach b. Deargóinseach 20.

claibéad f. Clár clúdaithe (ar bhosca, etc.). 1. *Ceouil a tsúil nach seileach a' breanáil air tháirní a' chlaibéid dhá ndoenuí sa gconra air a' té . . . 24. A bé seo an ~ tá le ghoil air a' mbosca seo? 24. Dhá bhruith sa mbáicis agus ~ air a ra spleainceana dearg leacai air 24 cáca. 2. . . dá dtóech ~ air a bhéal ba mhór a' suaimhneas den bhaile é 24.*

claibéara f. Clabaire 20.

claibéarach b. Clabaireacht 20.

claibín f. 'Eyelid'. ~ í do shúlach 19. *Tá na ~ í ag dúnadh orm 19 (le teann codlata).*

claidhe /k'ai/ f. 1. *Dul thar ~, páiste a ghinitúint gan pósadh. Sé chaoi a ndeachaigh an L. thar ~ 19. Ní rabhadar pósta, sé chaoi a ndeachadar thar ~ 19. Ba chúrsaí thar ~ é 19. 2. Rud a chaitheamh thar an g~, rud a chaitheamh amach. Go mb'fhéidir gurbh iad lucht a ráile . . . a cha har a gclaf é. Bfódh claf ann nó ná bfódh sin é an chaoi ndeirtí é 27.915. 3. Tá tú ar an g~ 20, tá tú i bhfoisceacht cúig amháin don chluiche (cártaí). 4. Tá sé ~ ar chlaidhe leis 20, tá a chuid talún teorainn ar theorainn leis. Bhí muid ag obair ~ ar chlaidhe le chéile ansiúd thíos 20, bhí muid ag obair i ngarraithe le hais a chéile . . .*

claidhríocht b. Claidbreacht. *Ná lig uait le ~ é 20.*

cláifí /kla:f'i:/ iol. Cineál feamainne a bhfuil cloigeann mór cruinn air 19, 20.

cláirseach b. Bean mhór ramhar. *Is deabhlaf an chláirseach mhná í 20.*

claise b. Clais. 1. ~ shruth 20, clais uisce i ngarraí fataí. *Clascannaí sruth 20. An chlaise fuinnt 19, an phríomhchlais sa ngarraí. 2. ~ na cluaise 19, an eitre atá timpeall ar an gcluais. 3. ~ sháibhéarach 20, poll sáibhéreachta. 4. Riasc. Seo í an chlais is mó chonaic tú le fada, 'this is the biggest marsh . . . ' 24. . . le drainedáil na gclaiseannaí 24.*

claitseáil a. br. Caint mhórfhoclach mhíchruinn. *Ag ~ Bhéarla 19. ~ chainte 19. Níl a fhios agam cá bhfuair sé an chlaitseáil Bhéarla 19.*

clamhsánach aid. *Chomh ~ le dris chosáin 19.*

clamhsánacht. a. br. Clamhsán 20.

clampa : glamba.

clampadóir f. Clampróir 20.

clampaire f. Clampróir 20.

clampar f. 1. 'Diabhal'. *Tá an ~ air 20, tá an diabhal air. . . ach go raibh caille [cailleadh] an chlampair air nuair a bhlaiseadh sé g'aon deoir 27.522. Ní bheadh a fhios sa gclampar . . . 20. 'Ciodós tart a' chlampair atá ort?' a deir mé sa deire leis 24 tart. 2. Mí-ádh. Cén ~ nó sréabh atá ort . . . ? 27.336. Seachain a mbeach sé go chlampar ort go bhfácaí aon nduine gan riaradh 24.*

clamparach aid. 1. Achramnach, doshiúlta. *Ríd thoinn agus chuile áit á chlampaí a' gheois tú na cusáin ag na broic 24 casán. 2. (Dobh. treise) . . . ach bhí sé ~ fuar 27.685 . . . an-fhuar go deo. Bhí an saol go clamparach dona 27.463.*

clanna f. Péire snáithe ar an gcrann deilbhe. *Tá go*

leor clannaí anseo d'fhuilleach agam 20. É a chomhairreamh ina gclannaí 20.

claochmaíonn. Maolaíonn, ciúnaíonn. 1. Meas tú nach claohmú é 20, maolú ar an mbáisteach. Tá claohmú beag déanta aige 20. Tá an sioc ag claohmú 20. Chlaohmaigh sé anuas 20, chiúnaigh sé.

claomann. Claochmaíonn (q.v.). Thosódh a' bhéiciúch agus ní chlaomadh a dha nó go gcaití an t-urchar air ais 27.439. . . á dtagadh claomadh ar bith air a' mbáisteach 27.489. . . atá an aois ar ball in an é a chlaomadh. Níor chlaom sin ár ndóchas astu an lá deire 27.1403. (claomann < claothmann < claohmann).

claonadh f. Claon amharc. Bhí ~ ann 20.

claonann. Maolaíonn, ligean faoi. Tá an oíche ag claonadh 19. Tá an tráthnóna claonta anuas go breá anois 20. Dheamhan blas a chlaon sí [an stoirm] 19. Dheamhan blas atá sé ag claonadh fós 20 (le seandúine) . . . atá sé ag lagú. Níl an bháisteach ag claonadh tada 19.

clár f. 1. ~ na cathaoireach 19, an suíochán. ~ na bathaise 20, clár an éadain. ~ an iarainn 20, an cása mín a chuirte faoin iarann smúdála. Ag cur ~ mín air 32, ag cur slachta air. Éadach clár 31, na bráillíní a bhíonn timpeall ar an gcorp agus é as cionn cláir. ~ cloiche 20, clár pota déanta de chloch. B'fhéidir gurb é ~ do leasa é 19, . . . lár do leasa. 2. Ní raibh sé i gclár ná i bhfoirm 20, ní raibh cuma na firinne air an rud a dúradh. B'fhéidir go bhfáisceadh sé ceist ort nach mbeadh i gclár ná i bhfoirm 20. 3. Dhá chláir an domhain, 'an t-aer agus an talamh, sin iad iad' 19. Shíl mé go raibh dhá chláir an domhain buailte ar a chéile 19 (le toirneach, nó drochstoirm). Shléa go bé dhá chláir a' douin a' buailte air a chéile, nuair a thugach a' coilleach léim air a' half-dure, bhí sí cho geiteach sin 24 geiteach. 'Shíl mé . . . gurbh é dhá chláir a' domhain a buailte air a chéile . . .' 27.344. Dhá bhfaná annsin nó go mbuail dhá chláir a' douin air a chéile 24 domhan . . . go brách. 4. Clár daraí. Ghabhfadh sé thrí chláir daraí an scread chuir sé as 20. Casacht a ghabhfadh thrí chláir daraí 20. Tá goimh sa ngaoth inniu a rachadh rid chláir daraí 24 goimh. 5. Déanamh chláir an éadain a bheas air 19, drochdhéanamh . . . Tá déanamh chláir an éadain tugtha a'd air 19. 6. Tháinig sé isteach idir chláir agus chuinneog 20, tháinig sé isteach bun ar aghaidh. 7. Tá a dhá shúil ina g~ 20, tá . . . cuma righin orthu (cheal codlata, nó le tinneas). Bheidís [cluasa fuara] ina g~ 20 . . . reoite. 8. Ní fhágfaidh mé ~ na himeartha go bhfá mé é 20, . . . ball na háite . . .

cláraithe a. br. Fágtha gan bhí. Tá mo shúile clárait le neart a' chola 24 codladh. Tá mé clárait aig tinneas cinn . . . níl fhios agum a bhfuil cloigeann a' bích orm 24 tinneas cinn.

clascairt a. br. Gníomhaíocht thréan. Bhí an-chlascairt ann 20, bhí an-imirt ghéar ann (cártaí). Bhí an-chlascairt cártaí tigh fháidín aréir 20. Ag ~ chainte 20, ag stealladh cainte go hard. Ag ~

Bhéarla 20. Clascairt ort! 20 (eascainí bheag). Ffr. crascairt.

clé¹. Cleithiúnas. Má bhímse ina chlé 20, má bhímse ina thuilleamaí. (ina chle freisin 20). Ffr. clé.

clé² aid. Cuimrí ar lá na coise ~ 24, . . . lá na coise tinne. Níl a ndíol cuimre air lá na coise ~ acu 24.

cleabhar¹ f. Deabhal. Nach thú an ~! 20. Níl a fhios a'm sa g~ 20. Tá an ~ ort 20. 'Go scaladh an ~ thú féin agus Lloyd George' a deirim 27.1138.

cleabhar² f. ~ caoch 20, creabhar caoch.

cleachtach aid. Taithíoch. An rud ba chleachtach leis 20.

cleachtadh f. 1. An dream a bhfuil sé fhéin ina g~ 20. Nuair atá tú ina chleachtadh 20. 2. Ba chleachtadh liom té a fháil ag a ceathair a chlog 20.

3. Féach an áit a ndeacha mé á thóraithe, bhí lámh i ndiaidh an chleachtadh a'm 19, . . . rinne mé é gan smaoinreamh de bharr cleachtaidh.

cleaimí(n)deidhs /,kl'am'i(n)'dais/. Dallamullóg. Cuirfidh siad cleaimideidhs orthub 19. Ag iarraidh a bheith ag cur cleaimideidhs ort 19. Chuir sé an oiread de chleaimideighs orthu is go . . . 20.

cleain b. Dream (le drochmhéas). Ní ~ mhaith iad sin le bheith ar rópa acub 20. ~ iontub fhéin iad na sagairt 20. ~ óil 20.

cleaití /kl'at'i:/ b. 1. Bean mhór gan bhí ná slacht 20. 2. Stócach nach mbeadh cuma mhaith dhéanta air 20.

cleamhnaí aid. Cleamhnach. . . go raibh bá eicint eatruth, más gaol fola nó gaol ~ é 27.911. Sin é an lá a spáineann a' gaol suas agus gaol ~ cho math 24 Aifreann. Tá daoine ann a ghéileann an-mhór go ghaol ~ agus dhéanann goirm dá chéile 24 gaol.

cleas f. 1. Níor bhféarr liom ~ dó ná tamal a chaitheamh buil siad 27.1506, níorbh fhéarr liom rud. Ní bhféarr [níorbh fhéarr] linn ~ do 27.907. Níl cor ná ~ ann 19, níl sé in ann corraí. Níor chuir sé cor ná ~ dhe 19, níor chorraigh sé. 2. ~ a' traidhlí 19, 'head over heels'. Déanfaidh mise ~ a' traidhlí leat 20, buailfidh mé sa gcaoi is go gcaisfaidh tú san aer. Bhuail mé dhá shnaidhm de mhaide uirthi agus dhá mbuailfínn ceann eile dhéanfadh sí ~ a' traidhlí orm 20. ~ an chuitín 19, 'heels over head' thar bharrá nó thar mhaide. ~ an thú 19, cleas éigin ina n-aistrítear an thú ó lámh go lámh agus na focail seo á rá. 'Seod ~ is deas an ~ é; amadán a dhéanfadh é is amadán nach ndéanfadh é' 19.

cleasaíodóir f. Cleasaí 20. (Cleasaí, freisin 20).

cleathaire f. Cleithire. . . iad suas i gcuideachta go rabh siad na g~ í móra 24 leasmhac, . . . ina bhfir mhóra.

cleigear f. 1. Criogar 20. 2. Duine díchéillí 20. 3. Gasúr contráilte 20.

cléireach f. Ní maith an sagart gan ~ 20, focal a deirtear le duine a déarfadh focal breise, ag cur teannadh leis an méid a bheadh ráite roimhe ag duine eile, mar shampla, A. Ná raibh sé ar choinleach an fhómhair! B. Á míle méan! C. Ní maith an sagart gan ~ 20.

cléireachas *a. br.* Obair chléirigh. *Sé chaoi raibh tú ag ~ san áit* 19.

cleite *f.* *Cleitiúchaí fula* 20, bunanna beaga de cleití nua a mbeadh fuil leo nuair a tharraingeofaí iad. ~ *clúmhaí* 20.

cleiteachán *f.* Beithíoch, capall, beag éadrom 19.

cleith *b.* 1. ~ *sháiteoireacht* 19, cleith sháite. 2. *Mara bhfuil cúnaimh agat, tá tú i do chleith* 20, . . . i sáinn, i do staic. *Tá mé i mo chleith anois seachas ariamh* 20. 3. *Ní fhágfaidh sé ~ ar an teach* 20, brisfidh sé gach rud sa teach. 4. *Cé hé an chleith chábáin?* 20, cé hé an duine caol ard? *Tá sé siúd ina chleith chábáin* 20. 5. *Ní choinneoidís ~ dhób* 19, níl siad i ngar do bheith chom maith leo. 6. An maide a gceanglaítear uachtar an tseoil leis. *Ag cur seoil le cleith* 19.

cleitheach *f.* Fear óg mór láidir. *Sé an ~ foláin láidir é* 24.

cléitheog *b.* Íochtar in-oscailte cléibhe 31.

cleithiúnas /kl'au:ns/. *I g~*, (a) Ar choinníoll. *Tá mise ag goil dhá inseacht dhuít i g~ nach n-inseoidh tú d'aon duine é* 20. (b) Ag baint le. *Ní chaintíonn siad ar 'gaimb' ach i g~ beainc* 20.

clí' *aid.* Clé' 20. *Bróg na coise ~* 19. *Taobh na lámhe ~* 31.

clí' Clé' (*q.v.*). *I g~ na gcomharsan* 20.

cliabh *f.* 1. ~ *an phortaigh* 20, cleas áirithe ina mbíonn duine ag iarraidh éirí agus beirt á choinneáil síos. 2. ~ *drama* 20, cliabh mór le hiompar ar an droim. 3. *Bíonn a gcroí i mbárr a gcléibhe le ríméad* 24 báireoir, bíonn an-ghlondar orthu . . . **cliabhán** *f.* ~ *slata* 20, ~ *slatachaí* 19, cliabhán caolaigh (do pháiste).

cliath /kl'i:/: /kl'is/. 1. *Simléir chlí* 24, simléir chaolaigh. 2. ~ *a dhéanamh de rud*, é a mhilleadh, a bhriseadh. *Rinne an feóchan mór sin clí go na barrannaí. Ní féirdé iad arís i mbliana é* 24, rinne sé ciseach de na barrannaí . . . *Rith an capall air a' bhfear bocht agus rinne sí clí go gas [gach is] a ra eirí* 24 ritheann. . . . *á dtiteach sé [crann] réir mar bhí leagann air go ndéanadh sé ~ go sgioból fir a bhí an taobh eile gon bhothar* 24 titeann. . . . *riocht ~ a dhéana dhá gcrámha a' tóirt léim anuas go bhárr ballaí mór arda* 24 úll. 3. ~ *lúbáin a dhéanamh de rud*, é a bhriseadh, a mhilleadh. *Caideog chloiche a fháil agus í a bhualadh anuas air a' gcliabhán agus ~ lúbáin a dhéanamh dó* 27.1264. *Bourd á dtug sé, thit sé isteach i mullach fuineoige agus rinne sé ~ lúbáin dhui* 24 ceapann. *'Díonú cliath lúbáin an oe an bhala dhó' a deirtear le carr a bhfuil fuaime siúil faoi a ritheas an oe balla* 24. *Má tá ndáns go dtosó coga eile d'fona sé clí lúbáin gon saoi* 24. 4. *Fás uaibhreach, plá luifearnaí. Tá an garraí faoi chlí sgeacha ar fad anois* 24. . . . *go raibh plágh ghlasra nó clí ghlasra a fás ionntu* 27.1431. . . . *is géarr na blianta go mbeach ~ dhriseacha a' fás air fhad a' chlai* 24 dris. *Is iomaí áit a ra teach breá roimhe seo nach bhfuil air a lorg inniu ach clí neantógaí agus driseachaí* 24 clíth. 5. *Fora cearc. . . an uair a' d'fheiceach siad na cearca a' goil air a' gclíth* 24 clíth. 6. *Deis*

chothrom ar nós clár boird a dhéantaí de shlata saif, ar a geurtí an líon as cionn tine lena thriomú 31.

clifeálai *f.* Mionghadaí 20.

clifeálann. 1. Goideann le cleasaíocht, coinníonn rud ar le duine eile é. *Chliffeáil sé orm é* 20. *Tá sé chliffeáilte ag duine eicint* 20. 2. Fidleáil. *Ag chliffeáil le rud eicint* 19. *Ná bí ag chliffeáil leis an ngadhar mar sin* 19.

clifeartach *f.* Duine ard. ~ *mná*, ~ *fir* 20.

cligear *f.* Cleigear (*q.v.*). *Nach é an ~ e!* 20. *A chligir!* 20.

climín *f.* 1. ~ *feamainne*, ualach feamainne a cheanglaítear ina rafta le tarraingt ar an bhfarrage 20, 32. *Cille an chlimín* 19. *Ag góil an chlimín leis an gcleath* 19. *Cleath ~* 19. 2. *iol*. Mearbhall súl, spreabhraí. *'Nach maith é Artúr Guinness' a deir Uaitéar, 'nuair atá sé a' cuir climíní chomh mór sin ort'* 27.139. *Ní bheidh na daoine i gcónaí cho glas sin ná climíní air fad ar a súile* 24 glas. *Más climíní a chuir sé air a súile a' spáint nídhéana dhúin nach raibh amhladh* 27.72. *Chuir sé climíní air na súile acu le caint* 24.

climseálann. Climríonn 20. *Ag climseáil na bó* 19. (*Climirt a'* freisin 20.)

clincear *f.* Seanrud a bheadh ag titim as a chéile, ar nós seanchairr 20.

clínse *f.* Seantairne crú capaill. *Caithfidh mé glac sean-chlínse a thabhairt liom* 20. *Cloigeann an chlínse* 20.

cliobadh *a. br.* *Tá an fear sin ag ~ bóthair* 19, ag siúl go tréan.

cliobaire *f.* 1. Duine mór láidir. ~ *fir*, ~ *mná* 19. *Is breá an ~ do ghasúr é* 19. 2. Ainmhí nó iasc mór. ~ *í móra mangáigh* 19. ~ *maith de lao* 19. 3. Rud mór. ~ *í móra* 19, le prátaí móra.

cliobairt *a. br.* Clascairt. *Fuair sé ~ mhaith bhuaillte* 19. *Tá sé ag ~ bháistí* 19, ag báisteach go tréan.

clip. Greim. *Bhuail sé ~ air* 20, rug sé greim air (agus thug sé leis é). *Choinnigh sé i g~ é* 20. *Bhí mé ag goil abhaile díreach nuair a bhuail sé ~ orm* 19, rug sé orm agus thug leis mé.

clipeálann. Clifeálann. *Chlipedáil sé é sin* 20.

clíseach *b.* 1. Amadán, óinseach, sraoill shalach mhímhúinte. *Nach é an chlíseach é* 20. *Tá sé ina chlíseach ag an ól* 20. 2. Rud a bheadh ó mhaith. ~ *de bhád* 20, seanbhád briste.

cliseann. 1. Teipeann i dtaobh na sláinte. *Bhí sé ag cliseadh le fada* 20. *Tá mé an-chliste* 20. *Ní raibh sé cliste go dtí le deirnas* 20. 2. Briseann. *Tá an ceann eile [scian] cliste* 20.

clistiocht *b.* Clisteacht 20, 19. *Fear nach mbeadh aon chlistiocht ann* 20.

clíteach *b.* Duine tútach a mbeadh drochrún faoi 20.

clíth' *b.* Teaspach mire ar dhuine. *Hainic clí ar fad an uair sin air, ní dheacha éamh air fea míosa ach a' caint ar a dourna a bhuaill 'Márk Spéar' [Max Baer] a chuir srón an fhir eile siar in a cheann* 24 srón. *Tá ~ orthab [mná] ag imeacht* 20.

clíu *f.* Clú 20.

clíúcánach *f.* 1. Rógaire glic. *'An airíonn tú an dá*

chlúicánach anois a *Mhike*' a *deirim 'a bhí a sábháil fhéir ó mhaidín gar go leór dúinn a lígeann orthu féin anois nach chuala siad ná nach bhfaca siad tada'* 27.850. . . . le beagán blianta bainiú na clúicánai sin as a gcleachta 24 croí. 2. ~ chuaise 24, ceannaitheoir chuaise. Duine a bheadh ag éisteacht le beirt ag margáil, agus nuair a chlisfeadh orthu margadh a dhéanamh, a dhéanfadh margadh ar ball leis an díoltóir, de thoradh an eolais a fuair sé ó bheith ag éisteacht. 'Ceannaitheoir chuaise' a bhíodh dá thabhairt le tamall blianta orthu, ach chuir díol na mbeithí air na 'marts' deireadh le chaon ainn acu 27.1458.

clúnaíocht b. Cluanaíocht. *Chaith sé bhfad a' ~ leich ach sin é ra go mhath dhó ann 24.*

clúnaíl aid. Clúiteach 20.

clóca f. 1. Craiceann práta bruithneoise 20. 2. *Clócaí ceo, dallamullóg, mearbhall. Fainic an mbeadh sé ag cur na gclócaí ceo ort 19. Tá clócaí ceo orm 19, tá mearbhall orm.*

clóch b. *Tá mé i mo chloich ancaire anseo caite 20, tá mé anseo agus gan mé in ann corraí. Talamh cloiche bige 19, 20, ithir a bhfuil clocha beaga inti. ~ bhuaite, 'Sin í an chloch a mbíodh a' fear a' góilt gun phunan eirí go mbeadh a' síol bainte aistí' 24 colg. ~ cheangail 20, clóch a cheanglaíonn dhá chloch i mballa. ~ chuir, clóch ghearrtha le teach a thógáil. Bhí an mharble an-domhain agus bhí go leór clocha cuir dhá bhaint ionntu chomh maith 27.527. Bhí an t-an-imeacht air chlocha eidir clocha cuir agus clocha bóithre 27.564. ~ an deichniúr 20, an chloch idir gach deichniúr sa bpaidrín. ~ dhóite 20, clóch a théití sa tine is a chuirfí ansin in uisce, uisce a leigheasadh galar éigin a bhíodh ar na lámha. D'íofadh sé an chloch fhaobhair 20, 19, tá sé mórshách, d'íofadh sé rud ar bith. ~ ghéill 20, clóch a bheadh i ngiall fuinneoise nó dorais. ~ ghlas 20, 19, clóch eibhir. A dheabhail déanfaidh mé ~ ghlas ar an talamh dhíot 19. Ba chruacha a chroí ná na clocha glasa 20. Tá ~ ghorm ar mo chuide dhe 19, ní bhfaighfidh mé mo chuid de (atá ag dul dom ó cheart). ~ liabruín 20, 19. ~ liagrúin 20, clóch chruinn le síéal, etc. a ghéarú. Bhí ~ sa muinille aige dhó 20, bhí faltanas aige dó. Súile beaga chomh mór le clocha paidrín 32. Má bhí an portach dhá mhíle ón teach bu dhé a cloich neairt é 24 dorcha, . . . ba é ab fhaide é. Clocha péire 20, an cluiche 'jack-stones'. ~ poll ascalla .i. clóch nirt le caitheamh faoin ascaill. 'Ní rabh fear a' bith a bhí in an ~ poul ascala a chuir cho fada leis' 24 ascaill. Clocha sciatháin 20, clocha ar chiumhais na binne. ~ siúcra, cnapán siúcra. . . . mealltracha beaga leac oighre timpeal's chomh mór le clocha siúcra 27.1500. ~ i dtalamh é 20, clóch nach féidir a chorraí. . . . ag maireachtáil anois ar chlocha na Gaillimhe 20, . . . i gCathair na G. D'ólfaidh sé an chloch íochtarach de Ghailimh 20, d'ólfaidh sé an t-uafás. Chuaigh sí soir le ~ 20, chuaigh sí soir cóngarach don chladach. Bhrisfeá croí na g ~ 20, bhrisfeá an croí is crua. Bhí sé chomh maith aige bheith ag caitheamh clocha leis an ngrian le . . . 20,*

bheadh sé fánach aige. 'B'fhearr duit', a *deir sé, 'a' góilt go chlocha air do cheirteacha ná a' rómhar a' gharraí sin'* 24 romhraíonn, b'fhearr dhuit go mbeifí ag caitheamh clocha ort ná . . . B'fhearr liom góilt go chlocha air mo cheirteachaí ná dhá pioca 24 piocann. Níl ~ buaite an iarainn go dtiocfaidh tú go dtí é 19, tá an bealach mín réidh . . . Leiceann go thoga na talún air aghaidh na gréine ceart . . . gan ~ bhuaiteáin [buaite?] an iarainn ariamh ann 27. 1225. . . . ní raibh cloch ann a bhuaifeadh iarann na láí ná an ghéachta. Doir [dar] an gcloich choisric! 20 (agall dearbhaithe, maolú ar . . . gCroich choisricthe?).

clochar. Tá sé tite ina chlochar 19, tá sé [teach] tite anuas ina chladach clocha.

clogaide b. Duine gan ghús. ~ óinsí 20. *Nach í an chlogaide í 20.*

clógáiste f. 1. Duine a mbeadh streill gháirí air gan údar 19. *A chlogáiste streilleach! 20. 2. Seanchapall mór gan fuinneamh 20.*

clógam f. Caipín ceo ar chnoc. *Bhfeiceann tú an ~ atá ar Chnoc Iorrais Bhig? 19.*

clógán. Rinne sé ~ streilleach den scéal 20, rinne sé praiseach de. Tá sé ina chlogán streilleach agat 20.

clógás f. Mainistir bráithre. *Bhíoch go leór bráithre a' fanacht sa g ~ an uair sin 24. Díon tuighe bhí air a' g ~ san am sin 24. ~ Bhaile Chláir, ~ na Cille Ruadh 24 clochar.*

clóic b. Dul amú. *Is ort atá an chlóic 20. Is beug an chlóic atá air sin 20.*

cloichineach aid. Lán le clocha beaga. . . . *ach dá mar talamh ~ eibhir a bheadh le rómhar agut léiche is gearr go mbeadh béal ansin innntí 27.1450. Tá cuide dhó [talamh] ~ ~ mfonúch eibhir a mbeach a' láí sgiúraí cho geal le sciling acu . . . 24 saothraíonn.*

clóicín f. Craiceann práta bruithneoise 20.

clóidéara f. Úcaire. *'Duine a chuireann bruth ar éadach' 31.*

cloigeann. 1. *Nach shé a shíl cloigne muca a chuir air chaoire, agus cosa cruinn faoi chearca. Dá dtugadh sé na seacht leabhar ní thabharfaínn isteach dó 27.1302, nach é a dúirt go bhféadfadh sé rudaí iontacha dodhéanta a dhéanamh. . . . Bhí sé ag cuir cloigne muc ar chaoirigh 24A, ag cur dallamullóg ar dhuine. 2. (a) ~ éinín, ceann cipín. A' soláthar chuile nídh dhó, go chloigeann éinín g'fhear nach bhfuil fhios aige cé leagann sé aon cheo 24 soláthraíonn. (b) Chuir siad ~ éinín ceart air a' sagart a' lá sin 24 féile, chuir sé mearbhall ceart . . . Is beag bídeach nár chuir sé ~ éinín orm ag iarradh a cheartú dó 27.259. Is íontach a' gleó atá acu, chuireach siad ~ éinín ort ag éisteacht leofa 24 gleo. 3. ~ móna, fód nó leathfhód móna. Bhuail mé dhá chloigeann in aghaidh a chéile sa tine a choinneodhs í gan imeacht 24. Dá n-iarrfhá dhá chloigeann móna air fhear air a' mbaile, gheofa an oiread is a bheithe in an a thabhairt leat 24. 4. Días. . . . atá sé [coirce] a' caile an chloigeann air fad 24 bainneann, ag cailleadh an tsíl. 5. ~ spúnóige 19, an chuid chuasach den spúnóg. 6. Cineál ~*

anfos 19, an dream a síolraíodh ó na róna, de réir an tseanchais. 7. ~ *dubh* 20, ceann dubh (Centauraea nigra). 8. ~ *máldí* 20, duine místruama. ~ *péatair* 20, sí. *A chloigeann ar scríú!* 20 (le duine a bheadh ag síorbhreachnú timpeall). *A chloiginn!* 20 (le duine dúr). *An ~ a oibriú orthab* 20, bua a fháil orthu le cleasaíocht. *Chroch sé ar a chloigeann é* [buidéal] 20, chuir sé siar a chloigeann agus chuir scrúig an bhuidéil lena bhéal.

cloigiseáil a. br. Ag déanamh rudaí amaideacha 20. *Ag ~ 20.*

cloigneachán f. Duine dall-intinneach 20.

cloíonn. Lagaíonn, maolaíonn. 1. *Tá sé caite cloíte* 19, . . . tanai lagtha. 2. *Níl cloíomh ar bith fós ar an droch-aimsir* 19, níl maolú ar bith . . .

cloiseann br. a. 1. Cloiseann mar gheall air. *Níor chuala mé mórán tioracháí a raibh ocraí iontab* 20. *Chuala mé teach i nGaillimh a bhfaighféad ar cheithre scilleacha ann é* 20. *Ar chuala tú an fhoghail a rinne an stionnach aréir* 20. 2. *Nár chloise tú na cuacha ná an mada rua faoi Fhéil Sin Seáin!* 20 (eascaine).

clonscairt /klu:nsɡart/ b. Torann tonnta móra ag bualadh le cladach. *Dhúisigh mise aréir is chuala mé ~ na farraige* 19.

clommar f. Fear nó bean gan stuaim gan slacht. ~ *caca* 20. *Dearg-chlosmar* 20.

clotharnach b. Glotharnach 19.

clú, -iteach : *clú, -úil.*

cluanáí f. Cluanaire. 1. Mealltóir ban 20. 2. Duine a bheadh ag guairdeall thart ag faire ar rudaí a ghoid 20.

cluanáíocht b. Cluanaireacht. *Ag ~ 20, ag guairdeall thart ag faire ar ghadaíocht a dhéanamh.* *Ffr. clúnaíocht.*

cluais b. *Tarraing an chluais nár chuala é* 19 (a déarfai le duine nach gclóisfeadh an rud a déarfai leis). *Ní chorróinn mo chluais ar mo leiceann dhuit* 19, ní thabharfainn aon éisteacht duit. *Níor thug mé mórán cluas dhó* 19, . . . mórán éisteachta. *M'anam gur beag an chluas a thug mé dhó* 19. *Lucht cluas, cúléisteoirí. . . go [gur] deacair tada a rá isti ná amui anois. . . aig lucht cluas atá a' tíocht ins na dóirse 24 lucht cluas.* *Níor chuala ~ dhá ghéire é* 20, níor chuala duine ar bith é. *Bhí ~ a heascaine air* 20, bhí sé ag éisteacht go géar. *Ní chloisfí méar i g~ agaibh* 20, ní chloisfí dada agaibh. *Duine eicint a chuir ina chluasa é* 20, duine éigin a spreag é lena dhéanamh. *Is deacair breith ar chluais orthab* [bainbh] 20, tá siad an-daor. *Níor fhág sé deoir ina chluais* 20, mharaigh sé é. *Bhainfeadh sé na cluasa de na Danes* 20, tá sé [an aimsir] an-fhuar. *Bhí sé ina shuí suas lena chluais* 20, . . . buailte leis. *Cluasa feothain* 20, cluasa bodhra (go háirithe le bodhaire Uí Laoghaire). *A chluasa buicéid!* 20 (le duine nach gclóisfeadh an chaint). *D'ímigh sé mar a bhuaifead ar an g~ é* 20, . . . go tobann. *Eínín na gcluasa* 20, an sciathán leathair. *Bhí Páidín isti agus é sínte ó chluais go rubal siar sa gclúid* 27.376. *Bhí capall sínte siar ó chluais go rubal inntí* 27.540. *D'ith sé na cluasa dhó*

20, thug sé íde béil dó. *Tá a chroí i mbarr a chluaise aige* 19, tá an-ghiondar air. *Bhí mo chroí i mo chluais* 20, bhí an-fhaitíos orm. *Bhí a anam ina chluais* 20, bhí an-fhaitíos air. *Dá mbaintead an chluais díom níl fhios agam anois an Sédn nó Páruic nó cén t-ainm?* 27.2, dá mbeinn i gceantúirt mo chluas a bhaint díom (faoi nach bhfuil an t-eolas cruinn agam). *Bíonn an-ghoile aig scafairí óga is beag nach n-fosach siad a' chluais g'asal* 24 goile. *Níl snig ina chluais anocht aige* 20, tá sé [féar] an-tirim. *Cluasa an drisiúir* 19, na cláir a mbíonn barr cruinn orthu ar gach taobh de chlár an drisiúir. . . *tá'n cimir rósta agus a' cur air thalta éadroma a' titim air a' g~24 tart, . . . an cur . . . ag sleabhcadh.*

cluaisín b. An dó muileata 20. *Tá ~ a'm aríst* 20.

cluasachán f. Duine dall-intinneach díomhaoin 20.

cluasaíocht b. Cluanáíocht. *Is minic a fua bladaire le na chuid ~ hart air fhear go bhfuair sé fios intinne amach* 24 bladaire.

cluasánaí f. Cluasachán (q.v.) 20.

cluasántacht b. Imeacht thart go díomhaoin 20.

cluasbhodhar aid. Bodhar 19. *Nuair nach rabh sé a' cloisteáil ciod a bhí mé a' rá go bhárr a bhe cluáibhodhar* 24.

cluasóg b. Buille beag sa gcluais 19.

clúdaíonn 1. (Leis an réamh. ar) *Chlúdaigh sé ar an gcailleach* 20, chlúdaigh sé an chailleach. *Thosaigh ag clúdú ar aríst* 20. 2. *Chlúdaigh an tine as a gcionn* 20, chlúdaigh iad leis an tine.

clúid b. 1. *Is frusta thú a chuir i g~ 20, is furasta thú a shásamh, go háirithe maidir le béile. A ghioilla na clúdach!* 20 (le duine bheadh ina shuí sa gclúid). 2. *Cual (a chuirfí sa chlúid). Scoilt sé ~ mhaidí dhom 'o'e na hóf* 24 scoilteann.

cluife f. 1. ~ na fula 20, an babhta deiridh den chluiche cártaí. ~ *gloice* 20, cluiche a bhuaí as aon láimh amháin. 2. Cruachás, sáinn, babhta anó. *Fua sé truaí leofa sa g~ a hainc oru* 24 caitheann. *Cuireann sé a gcuimhne dhom an ~ a' bhí orm agus an t-arán te a raibh mé ann inntí* [sa bpáirc] 27.1191. *Fua mé fhéin thrí chluife gan tsórt an chuid is mó go leathchéad bliain ó shoin* 24 scornach (babhta tinnis a bhí i gceist). . . *ach a bhuaíl a ~ sin faofa is croí duaire a d'fhág sé acu* 27.297 ('galar na muc' an cruachás atá i gceist). 3. ~ na bróige, sáinn chontúirteach. *Ní raibh aon fhear ba mhó a bhí a g~ na bróige ná Liam* 27.674. . . *meireach a' maide a bhí 'gum bhí mé i g~ na bróige aige* 24 tarraingíonn. *Ghoin aire é seachas ariamh in a shaol gur anois go díreach a bhí sé i g~ na bróige* 24 droim. *Bhí sí a ngcloife (sic) na bróige ciod a dhíonach sí* 24 urchar. . . *féachaint céard . . . 4. ~ saor, saoire ó phionós. . . b'fhéidir go dtiúradh sé ~ saor dhuit gur dearmad a rinne tú dhó* 24 glanann. *Dá mbeirí ort, chathadh leithscéul maith a bhe agut le cloife saor a fháil* 27.1041. 5. *Scata daoine. ~ mór daoine* 19. *Bhí an-chluife eile acub ansin* 19. *Cluifí mná* 20.

cluifeáil a. br. Coimhlint, stracadh ag iarraidh maireachtáil. *Bhí go leór a' ~ le cruatan is anró a'*

tsaoil san am 24 boichteanaight. . . an chloifeáil a rinne siad ag iarra a dtóigeál 24 clann, an choimhlint, an seiftiú. Níl aon nduine a' ~ leis a saol inniu réis a' gleo mór atá dhá dhéanamh dá n-anró. Nach bhfuil sé mar bheadh sé a téacht ó Neamh acu 24. A' ~ agus a' stríocáil a bhí siad féin mar bhí cruatan a tsaoil a gabháil dá mhaidí orthu 24.

clumháchán f. 1. Cleiteacha beaga boga. *Tá ~ beag lag ag tfocht air 20 [ar éinín]. 2. Drochfhéar bog. Níl ann ach ~ bog bradach nach sámháladh a' saol 24. Bhíaca tú aon chlúchán féir ariabh nach bhfuil sé cho dona leis? 24. 3. Éadach bog gan tathag. Níl ann ach chlúchán g'éadach. Ní bhéarach duine a bích beó mach as Gaillé é 24.*

clumhnach f. Féasóg bhóg nár bearradh fós 19.

cn- *cr-* a deirtear sna focail a thosaíonn le *cn-*, ach amháin go mbíonn *cn-* uaireanta ag 24. *cn-* a scríobhtar anseo, ach fágtar na sleachta mar a scríobh 24 iad.

cna. Cnó. *Dhá chra, nó trí amantaí, agus iad a' fás in aon cheann amháin, sin ~ Mhuire 24.*

cnádadh a. br. Ag ~ a *phiopa*. 20, ag iarraidh é a lasadh agus gan ag éirí leis ach ar éigean.

cnag aid. *Tá siad [prátaí] ~ 20, tá siad cnagbhruite. Ffr. cnang.*

cnagann. Ag *cnagadh bóthair* 20, ag siúl go fuinniúil. Ag *cnagadh báistí* 20, ag clascáirt bháistí. *Chnagfadh sé an saol 20, d'íosfadh sé go leor. Ffr. cnagann.*

cnagtha aid. *Fataí ~ 19, cnagbhruite.*

cnaigin f. Naigin 20. *Bhí ~ is chuile bhraon 20, bhí deoracha móra báistí ann.*

cnáimh b. 1. ~ *an driobaill 20* [sa gcapall]. *Ná raibh smior i do chnáimh ná ~ i do lorga! 20* (eascaine). *Ag cur a gcnámha thríd an gceiceann a d'iarraidh na báillí a choinneáil ón doras 20, ag obair go handian an té a chuir a ~ ríd a gceiceann 27.161. Ní dheacha blas ar bith in aisce lena cheithre cnámha 20, ní bhfuair sé dada gan oibriú go crua. Ba mhaith na cheithre cnámha a bhí aige 20, ba mhaith an fear oibre é. Beidh suimreas ag a cheithre cnámha 20, beidh scéith ón obair aige. Is mór an truaighe a cheithre cnámha a ghoil faoin bhfód 20. Bu mhór a' scéul a cheithre chrámha a chuir faoi fhód 24 fód. Seas ar do cheithre cnámha fhéin 20, seas ar do chosa féin. 'Á muise' a deir mé leis 'cén chaoi a bhfuil do cheithre chráibh, ní shaca mé thú ón maidin aonai úd ar gheafáil na Black and Tans thu' 24 streachlaíonn. Fuir sé le saothrú a chnámha é 20, le obair dhian é. Íocfaidh do chnámha fhéin as sin 20, beidh pianta iontu de thoradh na hoibre sin. Ní raibh scioltar ar a chnámha 20, bhí sé lom tanaí. D'ith sé go dtí an chnáimh é 20, d'fheann sé le híde béil é. Bhí an tinneas go domhain ina chnámha 20. Bhí sé i bhfad idir chnámhannaí 20, bhí sé [lao] i bhfad ar tí a bheirthe. 2. ~ *ar aghaidh. (a)* Ceann ar aghaidh, bun ar aghaidh. *Chuaigh sé ina choinne ~ ar aghaidh 20. Bhuail mé síos go dtí iad ~ ar aghaidh 20. (b)* Gan aon rud tríd. *Fuisc ~ ar aghaidh 19. 3. Ina cnámha(mna), an-tirim. . . . í [an mhóin] na**

crámhannaí 'gut á bailiú air a chéile 24 Earrach. . . agus bhíodh sí [móin] 'na cnámha ina dhiaidh 27.1453. 4. (a) Nach maith a chaitheá an chnáimh a chur ann 32, nach . . . an ghangaid a chur ann. (b) Dúirt sé liug é, níor chuir sé ~ ann 20, . . . níor mhaolaigh sé a chaint.

cnáimhcheol a. br. /kna:x'o:l/, /kra:vx'o:l/. Caoineadh, clamhsán, diúgaireacht. *Luigh siar ina gcliabhán agus thosaigh air ag ~ aríst 20. Ag ~ agus ag diúgaireacht agus ag cantal 20.*

cnáimhéadan. *As ~ a chéile 20, as éadan a chéile.*

cnáimhín b. 1. *Tá na cráimhíní íslithe aice 19* (cnáimhín ag gach taobh d'éireaball na bó a íslíonn sula dtagann an lao. Os cionn na griánáin atá siad).

2. Ina shuí síos ar a chrdáimhín só 19, ar a sháimhín só. 3. Mo chrdáimhín súgach 20 (?) Ffr. dílleog.

cnaipe f. 1. *Nach fú craipe gan lúbán é 24 forslánn, nach fú dada é. ~ gan lúbán ní thiúradh siad ar a' gcuid eile dhá chuid ceoil 24 ceol. Ní thiúrfainn ~ ar a sheans 20, ní thabharfainn dada . . . agus gon suim ~ gon lúbán léim a thóirt dá mbárr 24 spionán. 2. Ag déanamh cnaipí 20, ag smaoinemh go himníoch céard a bheadh le déanamh.*

cnaiste f. Leaba a bhfuil ráille leis 19.

cnámharlach f. ~ *an tae 20, 'tea-leaves'.*

cnámhóg b. 1. Cangailtín tobac. *Tabhair dhom ~ dhó 20. 2. Piosa beag cipíneach sa tobac 20.*

cnámhóid b. Písín beag cipíneach i gcnámharlach an tae. *Tá crámhóideachaí bána thríd 20.*

cnang. Cnag 20.

cnangadh a. br. Cnagadh. *Sfh. Naoi n-oíche agus oíche gan áireamh ó oíche chnangadh na n-úlla go dtí oíche chnangadh na gcrámha 20, . . . ó oíche Shamhna go hoíche Nollag.*

cnangaire f. Cnangaire talún 20.

cnap f. Cleasaí. *Bu bhe an cnap go díreach é agus ní chuiread faoi na chosa dhó é. Bu dhé an ~ go rógaire is mó a bhí sa tír é 24.*

cnapadán f. *Ina chnapadán codlata 19, ina chnap . . . Dhéanfadh sé ~ díom 19, chuirfeadh sé a chodladh mé.*

cnapáil a. br. Bualadh. *Ag ~ a chéile 20* (le gasúir).

cneadáil b. Cneadach. *Nuair a chuala mé an chneadaíl 20.*

cnéamhaireacht a. br. *Ag ~ 20, ag oibriú go míchneasta.*

cnéasta aid. Ionraic. *Chó creasta leis an éun fionn 24 dorchadas.*

cnéidh /kr'i/, /kr'a/ b. Cneá. *Is mór m'fhaitíos gur a' líona suas tá an chreath ort 24. Cuirfidh mise cri do shaoil ort 19, . . . gortú buan ort. Cri lorgan 19, cneá sa lorga (a bhíonn doileigheasta). Cuirfidh mé cri lorgan ort! 19.*

cníogann. Maraíonn. *Bhí an-chníogadh déanta aige 20, an-mharú [ar iasc]. Tá mé cníogtha ag an bhfuacht 20. Cníogtha 19, básaithe.*

cníteáilann. Cníotálann 20.

cnó : cra.

cnoc f. *Nach uafásach an ~ é 20* (le duine mór). *Cnoc de bhean 20. Bhí ~ gabáiste ar an bpláta 20, carn mór . . .*

cnuastóir /kru:sto:r'/ *f.* Sprionlaitheoir 20.

cnuagaide *f.* Buille 20. ' ~ *cnuagaide i lár do dhrama* 20 (focal ag baint le cluiche éigin).

coc *f.* 1. *D'éirigh sí ina ~ is ina coiléach* 20, thosaigh sí ag cur di sa gcaint. 2. *Ag coinneál ~ ar choc leis* 20, ag freagairt cainte gearbalaí le caint den sórt céanna.

coca *f.* 1. *Ní fheicfeadh sé ~ féir* 20 (le duine nach bhfeicfeadh an rud a bheadh sé a chuartú). *Tá siad chomh mór le chéile is a bheadh seanbhó le ~ féir* 20, . . . an-mhór le chéile. *Tá siad chomh mór le chéile agus a bheadh capall bán le ~ féir* 20, *id.* 2. *Tá ~ éadaigh ort* 19, tá an iomarca éadaigh ort.

cocáilte *aid.* Feargach, ionsaitheach. *Is tú atá ~ !* 20.

cócaire *f.* ~ *an domlais* 20, droch-chócaire.

cocálann : **corcálann**².

cocann. 1. Déanann cocai de 19. 2. Cuireann faoi chocaí. *Tá an garraí cotha aige* 19. *Ag cocadh an gharraí* 19.

cocbhád *f.* Duine óg ag imeacht le duine fásta. *Agus ~ in éineacht léi* 19, gasúr in éineacht léi. *Níl mé ag iarraidh aon chocbhád in éineacht liom* 19.

cocbhod /'kok,wod/ *f.* Duine aisteach (focal drochmhéasúil). ~ *de bhean* 19. ~ *d'fhear* 19, *Deabhal mara ~ í* 19.

coch. Smugairle 20. *Cochannaí casacht* 19.

cochall. *I mbéal an chochail.* (a) I gcontúirt basctha, i ladhar an chásúir. . . . *sé a fua mbéal a chothail go díreach* 27.121. *Tá an duine bocht i mbéal a' chothail anois acu* 24 béal. (b) Ar aghaidh go díreach. *Go bhár Mionloch a bhe buailte ar Ghaille bhí sé mbéal a' chothail i ngeall ar an abhain, ag daoine a thag[adh] isteach ar a traen . . . 24 ceol. I dteach mór Thír Oileáin atá i gcónaí ann a bhí sé a' fanacht, i mbéal a' chothail ceart roimh mhuintir na háite seo* 27.230.

coccsam. *Ag coinneál ~ leis* 20, ag coinneáil cocaireachta leis.

codai *f.* 1. Duine dorcha dúnarasach. . . . *ach a' cuda* (sic) *g'fhear nó go bhean a chathas blianta a goil harut ar a' mbóthar agus nach fuí leof subhailceas a' lae a thóirt nó a spáint duit* 24 aghaidh. 2. Ainmí gan mórán brí. ~ *de mhada* 20. ~ *de chapall* 20.

codal *b.* Duine socair simplí neamhurchóideach. *Nach é an chodal de dhuine é!* 20.

codladh /kolə/ *f.* 1. *Dul a chodladh*, dul ar an leaba, d'fhonn codalta. *Ó fua mé chodladh aréir nó gur éire mé ar maidin, níor leag mé mo shúil ar a chéile* 24 aifonn. ~ *ina dhúiseacht* 20, duine a bhíonn leath ina chodladh de ghnáth. *Fagfaidh ~ fada cnáimh do dhrama nochta* 32. *Dhá mbeinn ag dul a chodladh i mo throscaidh ní dhéanfainn é* 20, dá mbeinn i gcrúachás ceart cheal beatha, ní . . . 2. ~ *bhocó* 19, codladh bréige le leathshúil oscailte. 3. ~ *puicín* 24A. (a) An codladh a chuirtear ar chearc, nuair a chuirtear a cloigeann faoina sciathán agus í a luascadh ansin. (b) Múchadh scéil. *Níl aon ghaiscíoch á rabh caint aríomh air nach gcuire a ngíomh . . . ~ puicín air* 24 ceann scribe, . . . é a mhúchadh ar fad sa gcaoi nach gcloisfear

caint arís air. (c) Marbhántacht, mearbhall. *Cuire mise cola puicín ort le buile* 24 codladh. *Cuiríu codhla puicín air le caint is béigeann dó a bhéal a dhúna* 24 codladh. *Faoistean mugadh magadh a' cuir ~ puicín air a' sagairt le bréaga . . . 27.568.*

codlaíonn /koli:n/. *Chodlaíonn ar an uisce* 20, tá gíread codladh orm is go gcodlóinn in áit ar bith. *Chodlaíonn ar bharr píce* 20 *id.* *Chodlaíonn oiread leis an bpeilúir* 20. *Chodlódh sé oiread le muc* 20.

cogadh *f.* ' ~ *na díth céile* mar thug na seanfhir air [ar an gCogadh Cathartha] a bhí ann le na linn 27.1302.

coileacam *f.* Tinneas boilg 20.

coileach *f.* 1. *Tráth coiligh*, babhta glaoite ag na coiligh. . . . *nó go raibh an darna tráth coilí air a dtáim a' glaothadh* 27.217. 2. *Meán-oíche na g ~ , tar éis meán-oíche. . . . agus é na mheán oí na g ~ ' 27.32. Ní chuir é a bhe in am mharbh gan oí ná meán oí na g ~ 'na dhiaidh deifir ná brostú ar bith ionainn* 27.217. 3. *Meán lae na g ~ . . . bhí sé na mheán lae na g ~ nuair a d'aire muid éirí* 24. . . . deireanach ar maidin . . . 4. ~ *maidne. Nach tú an ~ maidne ag éirí* 19 (le duine a d'éireodh an-mhoch). *Nach é an ~ maidne é ag tíocht!* 19 (le duine a thíocadh isteach an-deireanach san oíche. 5. *Ní dheacha sé coisméig coiligh ón teach ariamh* 20, ní dheachaigh sé i bhfad ón teach riamh. 6. *Ag déanamh ~ i gcoirnéal* 19 cluiche ar nós 'pussy-four-corners'. 7. *Trodaí maith* 20. *Sén ~ é!* 'Le fear óg a bhfuil dul air aghaidh agus misneach aige agus gan seasa siar ó aon fhear.' Deirtear mar i gcéana 'sí an ~ !' le cailín óg a bhfuil a teanga ar a cómhairle héin í [aicí] agus a bhaineas ceart gan bhúfochas amach léiche 24. *An-choileach a bhí a mbean Pheaitín gan bhréig* 27.363. *D'éirigh sé ina choileach chugam* 19, d'éirigh sé feargach agus trodach liom. 8. *Bu í ~ a chárnaoile héin i bhfeárr leis* 24, bu í an cailín béal dorais . . .

coileár /kil'e:r/ *f.* Cairéal. ~ *cloch* 19.

coiléarach /kil'e:rəxt/ *f.* Cairéalacht 19.

coilgneach *aid.* Garbh (leis an aimsir, an bhfarraige). *Bhí sí [an fharráige] sách ~ inné* 19.

cóilis *b.* Cabáiste. *Garraí breá ~* 20. ~ *bheag* 20.

coill *b.* (Go leor) barranna. *Bhí an iomarca ~ air* 20, . . . an iomarca barranna (ar gharraí fataí). *Tá ~ barrannaí againn* 20.

coim. *Le ~ an tráthnóna* 20, le titim an tráthnóna.

coimeádach *aid.* 1. Cúramach. ~ *ar a chuid éadaigh* 20. 2. Leisciúil scaradh le rudaí *An-choimeádach ar a chuid scéalta* 20.

coimhlint *a. br.* Deifir, deifriú. *Bhí mé ag ~ anuas* 19. *Ag ~ abhaile* 19. *Ag ~ chuig an tobar* 20. *Ag iarraidh a bheith ag ~ leis an bportach* 20, . . . ag deifriú le obair an phortaigh.

coimhthíoch /'ki:x/ 20, /koi:həx/ 19, *aid.* 1. Ion-tach, uafásach. *Bhí sé ~* 19, bhí sé uafásach [te]. *Tá an-bháisteach choimhthíoch anois ann* 19. *Plátaí ~ feola* 19, pláta iontach mór. *Bhí sé ~ sa spreac* 19. *Fear ~ é* 19, fear iontach é. 2. *Níl sé ~* 19, níl sé ag iarraidh bia ar leith. 3. *Ní fhaca mé aфарc air leis na blianta ~ a* 19, . . . leis na cianta.

coimhthíoch² *f.* Níl aon mhaith de choimhthíoch ná muintreach teacht dhá iarraidh seo 20. Níl sé ag dul ag déanamh aon bhlas dhuit, ~ ná muintreach 20 . . . tú i do choimhthíoch nó i do dhuine muinteartha.

coimhthíos /ki:s/ 20, /koi:si:/ 19, *f.* Éiseal le bia. *Bhí ~ air roimh an mbeatha* 19. Níl choimhthíos ann 19, níl sé ag iarraidh bia ar leith, tá sé sásta le gnáthbhéil mhuintir na háite.

coimín: **cimín.**

coimirce. *Ní ar choimirce Dé a chuir mé é* 20, ní deaghú a chuir mé leis. *Ní ar choimirce a leasa a chuir sé é* 20, *id.* *Do chara is do choimirce!* 20 (focal ag gasúr ag iarraidh ar ghasúr eile éirí as an troid). *Ffr. coimrí.*

coimpléasc *f.* ~ do, acmhainn ar. *Ní ra an ~ aige dhó* [don ól] 24 bogtha.

coimrí. Coimirce. . . *mar a mbeadh beagán caranas cuimre a' baint leis* 24 bláthach, . . . carthanas is fonn cúram a dhéanamh [do dhuine]. *Carthanas coimirce* 24A, freisin.

coimséig *b.* Coiscéim 20.

coineas /'ko:n'as/ *f.* Compórd. *Ní bhfuair sé mórán ~ ariamh* 24A, ní bhfuair sé mórán compóird (bhí drochleaba, drochbheatha aige, drochéadach air, etc.). *Féach a' ~ atá air a' saol inniu agus níl siad sásta ach chuile dhuine a' clousán* 24 eorna.

coinfirt *b.* Confairt (*q.v.*) 20.

coinicéar *f.* 1. Bean mhór mhíshlachtmhar, ainmhi mór. ~ caillí 20. *'Go ra tú brúit feantai ag a' deoul a choinicéir mra an douin!'* a deireach bean Mhionlai 24 gorta. *Tá an cut réis cuinicéar go loch a mharú* 24 cut. 2. Duine míshuáilceach. *Tá tú i do choinicéar ansin feadh na hoiche* 20.

coinín *f.* 1. *Ní dheacha ~ i bpoul ariamh níos mire ná a d'ime sé* 24 bealach. 2. ~ i bpoll 20, gasúr a bheadh teann istigh ach cuthail amuigh. 3. Pis 31.

coineach *f.* *Ná raibh tú ar choinleach an Fhómhair!* 19 (eascaine).

coinlín *f.* 1. ~ seaca 19, coinlín reo. 2. Gearradh ~ 19, gearradh ar chos gasúr ón gcoinlín. 3. *Ní thiúrfainn ~ aríur sa seans air* 19, ní thiúrfainn dada . . . 4. *Chuiridís scoil i dtóin ~ 19, mhúinidís an duine is lú éirim.*

coinne 1. *Do choinne. Nuair a tháiniceadar dá g~ 32, . . . faoina ndéin. Cuirfidh mé duine dhá choinne* 19. *Tiocfaidh mise go do choinne ar maidin* 19. . . le go gcuiread siad cáir an ospidéil amach dá choinne 27.667. 2. *A [ag?] ~, faoi dhéin. . . go mhuintir na Páirce a thoech a ~ uisce ann* 27.490. *Rith mé chomh mear is a bhí ionnum a' ~ an tsagairt* 27.114. *A ~ na bó a bhí sé tráthnóna Dónaigh faoi Shamhain* 27.478.

coinneal *b.* *Tá [a] sheal tóraí [tabhartha] agus a choinneal caíttí* 24, tá a ré ar an saol seo thuas. *Bhí a choinneal caite* 20. *Ní choinneadh sé ~ dhó* 20, níl aon ghoir aige air. *Ní raibh sé riamh gan an choinneal ná a hábhar* 20, bhí rud i gcónaí aige. *Mo choinneal chéarach thú!* 19 - focal molta.

coinneálach *aid.* Spárlalach. *Ní raibh aon chainnt air*

a bhe ~ ach gaoth a thóirt dó [don airgead] 24 pósann.

coinniún. 1. Ceannaíonn. *Poirtín a bhí sé a dhíol go bhfeiceach sé i gcoinneadh m'athair buidéal dó woe. Deir m'athair leis go gcoinneódh* 24 Bóthar Shiubhaine. *Mara dtuga sé dhuit a' proes a bhfuil sé leaca 'gut, coinneó mise é* 24, . . . ceannoídh mise é. *Má choinníonn fear an Bhóithrín Mhuimhneach uaim* 20, má cheannaíonn. *Ní bhfuair sé duine a choinneóch cloch amháin woe* 24 uinníun. 2. *Bhí carrannaí ag coinneáil a chéile ann* 20, le punt a chéile. *Coinneoidh sé a chéile* 20, fanfaidh sé in aon phíosa amháin, ní bhrisfidh ó chéile. 3. ~ le. (Le bia) *Cuireann sa bhéal ag duine. Ag coinneal deola leis* 20, ag tabhairt beaga beatha dó isteach ina bhéal. *Sí an bhean atá a' coinneáil liom an méidin go bheatha . . .* 24. *Choinnigh mé purgóid léi* 20, thug mé purgóid di (níl sé i gceist gur tugadh níos mó ná uair amháin!). 4. ~ le, meallann le cúirtéireacht. *Choinne mé liom go maith i . . . dá bhféatá í a choinneáil leat . . .* 24. 5. ~ le, coinníonn guaim air. *'Bhí sé go mo bhaint go deoula,' a deir sé, 'ach ghrá an réití choinne mé liom fhéin'* 24 bainneann, . . . choinnigh mé guaim orm féin. 6. ~ air, leanann air. *Choinnigh ort!* 20. *Éirigh thusa as ach coinníodh Seán air* 20. 7. ~ le, soláthraíonn do. *Coinníodh neart scoile leis* 19. 8. *Choinnigh a bhfuil i do bhéal* 19, ná labhair go fóill (ach ná dearmad a bhfuil le rá agat). *Choinneadh sé caint le atornae* 19, an-chainteoir é. 9. *An gcoinneadh mada leis?* 20, an gcoinneadh mada suas leis ag rith? 10. ~ i. (a) *Coinníonn suas le. . . bheadh sé air eir aig chuile chapall eile beala a bhe in ioscaid le coinneáil ann nó go dtagach siad go ceann scribe arist* 24 pósadh. (b) *Caithfidh tú coinneáil inti i gcónaí* 20, caithfidh tú coinneáil á beathú i gcónaí. 11. *Is maith atá sé ag coinneáil* 20, is maith atá sé ag coinneáil na sláinte.

consias *f.* *Doir brí mo choinias* 20, agall dearbh-aithe.

coipeann. 1. Lobhann, morgann. *Coipe an chois tá air* 24 . . . *Nuair a bhris mé an ubh . . . bhí sí coipí* 24. . . *Tá an uair cho brothalach is go bhfuil a' bainne a coipe orm* 24. *Nuair a bhain sé an mulach duithe, bhí sí [ubh] coipí 24 ubh neide.* 2. Déanann sobal. *Tá sí ag coipeadh go maith* 20.

coipí. *Cóipí ort mara ndéanfaidh tú é!* 20, cuirim de gheasa ort é a dhéanamh. *Cóipí ort má bhreathnaíonn tú!* 20, níl cead agat breathnú. (Focal é a deirtear leis an ngasúr a mbeadh a dhá lámh ar a shúile aige le linn don chuid eile dul i bhfolach air.)

coir : cuir.

coír' *aid.* 1. Flaithiúil. *Tá tú an-chóir* 19. *Bhí sé an-chóir faoin iasc* 20. *Tá sí ~ 20* (focal a deirtear faoi chailín a bheadh tugtha don chúirtéireacht). *Chomh ~ le gloine i deach an óil* 19. 2. *Córa (br. ch., le chomh). Bhí sé chomh córa do fhéin é a dhéanamh* 20. *Bhí sé chomh ~ dom fhéin é a fháil le duine ar bith* 20.

coír². 1. Cuma. *Mhair sé ar an g~ sin ariamh* 20, mhair sé ar an gcaoi sin riamh (droch-chaoi i gceist,

le fear mór óil). 2. *Siad bhí i gceist agus i g~ 20*, is iad a bhí i mbéal na ndaoine agus i réim. 3. ~ *chaitheamh*, modh caite. 'Tíonach (tuige nach) chuala tú riamh' a deir fear eile 'nuair a ghrú sén lotterí mór fadó, an chóir chatha a chuir sé air' 24 *caifeach*. 4. *Cóirí catha*, ornáidí. Tá an iomarca *cóirí catha curtha aige ar an teach sin* 19.

coirb b. 1. Duine mór cam nó ainmhi cam. ~ *d'fhear* 20. ~ *caillí* 20. *Gabh suas aisti, a choirb* 20 (le mada a bhí ina lúb chois tine). 2. Cruit le fuacht. *Bhí coirib air na daoine le fuacht ag a' ngála gaoth 'noir* 27.116. *Sén lá is fuaire é a hainic ariabh, tá coirib air dhuine agus bheithíoch aige* 24 *fuair*.

coirce f. ~ *lathai* 20, coirce a dtagann dias dhubh air (de bharr a bheith á chur le fada san áit chéanna). *Go dtuga an deoul ~ dhó agus gainne thríd* 24 *rith* (eascaíne).

coirceog : **coraiceog**.

coire f. ~ *mór na Nolac*, pota feola na Nollag. *Ó'n fheoil Mhártan agus ~ mór na Nolac amach, ní raibh aon fheoil eile a rabh an oiread cainnte á dhéanamh dhuiche le leiceann muice* 24 *leiceann*.

cóirghléas f. Deiseanna cóiríula chun oibre áirithe. *Tá an ~ aige féin ar fad* 24A.

coiriceog b. 1. Stuca (féir, etc.) 19. ~ *tuíomh* 19. ~ *arúir* 20. 2. ~ *de hata* 20, hata ard biorach.

coiricín. Cuiricín. *Chuaigh an braon sa g~ aige* 20, chuir an braon ar meisce é. *Choinnigh sé sa g~ dó é* 19, choinnigh sé faltanas dó. *Cuirfidh mise mearúil sa g~ a'd* 19, . . . sa gcloigeann agat.

coiricíneach aid. *Sleabhcán ~*, sleabhcán áirithe a mbíonn diúilicíní air 19.

cóirionn. *Is frusta do leaba a chóiriú anocht* 19, tá tú an-tuirseach anocht.

coirleach b. ~ *na gcosa caola* 19, cineál áirithe coirlí.

coirlín. *Coirlíní muc* 24A, prátaí lucharacháin.

coirnéal /'korn'e:l/ f. ~ *fir é* 20, togha fir é. *Togha coirnéil* 20 (focal a deirte ag saghdadh gasúir chun troda).

coirnéal² /'kaurn'e:l/. *Tá sé i g~ agat* 20, tá sé [garraí féir, etc.] beagnach bainte agat. . . . *Ní rabh mórán achair go rabh an leabhairín i gcournéal agam* 27.51 . . . go raibh an leabhairín beagnach léite agam.

coirnéalach aid. A bhfuil coirnéil air, cearnógach. *Bosca ~* 20, 32. *Garraí deas ~* 20. *Móin choirnéalach* 20.

coirt : **cairt**.

cois¹ b. Cabhsa, cis. *Chonaic mé an fear na sheasa ag a' g~* 24. . . . *na sheasa ag ceann na cosach bhí sé* 24 *cos*.

cois² b. 1. *Chomh gar le ~ an phota, an-ghar*. *Chua sé cho gar le cos a phota gon bhean agus dhom fhéin a bhe scólta* 24 *bacán*. *Fua sé chomh gar le ~ a' phota dhúinn a bhe caifí* 27.864. . . . *cé go ndeacha sé cho gar le ~ a phota dhúinn bhe geafáilte* 24 *bullán*. 2. *Cosa fuara*, daoine bochta, daoine aineolacha. *Tá a fhios acub níos fearr ná cosa fuara mar muide* 19. *Níl aon ghraithe ag cosa fuara ann* 20. *Hug siad an oiread áird air scéalta cosa fuara*

24 *amadán*. 3. *As cosa (~) i dtaca*. (a) *Go tapa i ndiaidh a chéile. . . . réis a bhe a' báisteach le trí lá as ~ i dtaca* 24 *glanann*. *Thosaigh mé ag ól as cosa i dtaca* 20. . . . *gur chath sí seacht mbliana as ~ a dtaca réis a bháis a goil amach air a' tsráid air maidin á chaoine* 27.338. (b) *Láithreach bonn*. *Déanfaidh mé anois é as cosa i dtaca* 20, . . . *fuair mé trí nó ceathair go cheanna as cosa dtaca* 24 *doigh*. 4. *Ar a chois, (féar) gan bhaint*. *Is rí nó h-aon atá á cheannacht air a chois anois* 24 *cran-nann*. *Iosfaidh siad air a chois i mbliana é* 27.1458. 5. *Ar an g~ (beithigh)*, beo, *Punt a chloch ar an g~* 20. 6. *Ní chuirfeá (etc.) faoina chosa (dó) é*, ní bheifeá ag súil leis uaidh, ní cheapfá uaidh go ndéanfadh sé a leithéid. *Ní chuirfinn a mhalairt faoina chosa* 19. . . . *bhí misneach agus dul air oe an nach cuireadh faoi na chosa dhó* 24 *spreagann*. *Ní chuireadh faoina chosa dó a' tseachtain seo hart go mbeadh sé faoin bhfód inniu* 24. *Tá na Dúggáin imi, agus le fada, agus bhí an tam ann nach gcuirfeá faoi na gcosa é* 27.526. *Ní chuireadh faoi na cosa dhui go raibh sí an aois a bhí sí, bhí sí chomh crua is chomh scioptha sin* 27.1027. *Ní chuireadh faoi na cosa dhó é ach bhí mé a' breanú air a díona an ghríomh* 24 *gníomh*. 7. *Dul ~ croí le duine*, goilleadh go mór air. *Fua sé ~ chroí len athair is a mháthair nuair a chuala siad a' scéul* 27.292. *Chua a' cás ~ croí le Brian* 27.1427. 8. (a) *Cosa a chur faoi ghnó, gnó a thosú. . . . go raibh cosa dhá chuir faoi iarracht eile a thabhairt faoi Shasana* 27.86. *Hóig siad turnae agus chuir siad ~ faoi thalamh an Tí Mhóir a cheannacht* 27.419. *Sén chéad fhear an chóir ~ faoi chóir a chuir air a mbothar siar a' droichead é* 27.611. *Sé Father Dooley a chuir ~ faoi ar dtús agus lena chabhair agus éifeacht a cuiriu air bun í* 27.781. . . . *gur thosa an buachaill báire Hitler a cuir cosa faoi chlamar, eachrain agus cogadh* 27.126. *Bhí fear acu pósta agus bhí an fear eile a' tosai a' cuir cosa' faoi* 24 *tanaí*. (b) . . . *bhí siad fhéin agus a' dream eile a dúirt mé a' coinneáil ~ faon rása nó gur cuireadh deire leis* 24 *iúl*. 9. *Cosa a chur faoi féin*. *Fear a mbeadh tonn aois mhaithe air a chuireadh cosa pósa faoi héin gan lá smaointiu* 24 *goil*, a thosódh ar dul i mbun pósta go tobann. *Is diabhailta na cosa a chuir lucht a' Choláiste fútha féin le scór blianta anuas* 27.963, na gnótha ar fad a thosaigh siad, is an leathnú a rinne siad. *Sin é an chaoi ar scap sé [scéal] agus a ndeacha cosa faoi* 24 *mac soirí*, . . . a ndeacha an scéal ar fud na dúiche. *Leis a' gcois a bhí faon scéul dhá scap[a] bheadh fhios aig a' taobh seo go Bhóthar a' Chorra luath sa tráthnóna é* 27.1445. 10. (a) *Sciortfaidh (sciortfaidh) na cosa uaidh nó, . . . déanfaidh (dhéanfadh) sé gach dícheall (fad's bheidh iompar na geos ann) . . . Sgiorrach na cosa wofa nó bheadh cáca bred curainsi agus tae acu réis na bhfaíai an oi sin* 24 *Deireadh Fómhair*. 'Sciorta na cosa uaim' a deir Liam 'nó cuirfhi mé préachán air bhárr maide sul má rachas mé abhaile' 27.1111. *Deir sí go sciortradh na cosa uaithe nó go ndéanfadh sí amach cad a bhí*

shiar 27 bambairne. (b) Ait nach mbeach aon luí agat leis, ní bhéarach do dhá chois ann ú 24 luí, . . . ba deacair duit dul ann. 11. De réir a chois, gan aon deifir. *Bhí trí bhoc mór a' siúl ré air [réir] a g~ a' téacht aniar an aibhinne* 27.412. Ag siúl de réir a chois go deas agus a dhá lámh shiar a chúl aige 24 fear. 12. Cois a bhualach ar phort, damhsa do phort. . . . gur beag port dar sheinm sé a ligiu amú gan ~ a bhuala air 27.411. Níor bhuail mé ~ ar phort ariamh 19. Faoi do chois é! 19 (focal molta le damhsóir maith). 13. (Sna) cosa in airde. Ar bhain tú aon chosa in airde aisti? 20. Bhí an capall sna cosa in airde aige 20. Ní iarrfaidh siad éirí sna cosa in airde 20. 14. Ar a chois. Fear éasca ar a chois é 20. Ba í an duine ba sciopaí ar a chois í dá bhfaca mé riamh 24. Is beo an t-asal ar a chois é 20. Bhí Peadar air a chois ceart a' líonadh piontaí 27.999, bhí P. an-chrúógach. Dhiúin ar a g~ a d'íompódh siad sin duit 20, ní dhéanfaidís aon rud duit. 15. Dheamhan a chois, deabhal cos. (a) Dheamhan a chois a ghabhfadh ann 20, is cinnte nach ngabhfaidh sé ann. Dheamhan mo chois ná mo chnámh a ghabhfad ann 20. Dheamhan mo chois chuir mé ann le seachtain 20. (b) Deoul a chos gon chléireach a chonaic gon oiread é 24 íocaíocht, ní fhaca an cléireach é . . . Diabhal ~ gon bhád nach raibh ann 27.998, bhí an bád ann (rud nach raibh súil leis). 16. (a) Cosa dubha, ainm drochmheasúil ar dhaoine (salacha). Ciondál na gcosa dubha 20. Suigh síos, a chosa dubha! 20. (b) Baistiu 'na cosa buí árdá', agus 'na hioscaidí dearga' orthu (na Caitlicigh chuaigh chuig scoil na bProtastúnach) 27.483. 17. Feamainn cosa dubha 19, cineál áirithe feamainne. Feamainn anchoise 19, feamainn bhog dhubb áirithe. 18. ~ circe 19, greim áirithe cneiteála. 19. (Leaganacha eile) Bhí ~ romham agus ~ i mo dhiaidh agam 19, bhí mé ag braiteoireacht ar dhul ann (ach ní dheachaigh mé). Cén gnath an diabhaíl atá aig cleiteachán g'fhear a' goil a' troid agus b'fhéidir gan iompar a chosa ann mar atá sé 27 cleiteachán . . . gan é a bheith i riocht seasamh. Bhí sé ag cur a chosa thríd an mbóthar 20, bhí sé ag bualadh a chosa ar an mbóthar le teann feirge. Bhí a chosa ag rith uaidh ag dul ann 20, bhí an-deifir air . . . Chuaigh mé isteach de mo chosa ann 20, shiúl mé isteach ann [san uisce]. Ní raibh ~ ar bith faoi 20, ní raibh sé in ann seasamh (de bharr meisce). . . . sheasadh siad na gcosa boinn sa lathach reóite g'éisteacht le cearú mhaith abhráin 27.181. Níl mo chois air a' mbealach mar bhíodh 27.780, ní bhím ag dul an bealach sin mar a bhínn. Bhuail siad soir ann ó chois go ~ 20, . . . ag siúl go réidh. Ní chorra mise ~ ón g~ eile a goil ag 'play' nó pictiúirí 27.76, níor bhog mé chun siúil . . . Tá a chruithachtáil lena chois 20, tá . . . soiléir. Choinnigh mé é sin l'aghaidh na coise tinne 20 choinnigh mé é [cárta] go deireadh an chluiche ar fhaitíos go dteastódh sé go géar. A chosa racáin! 20, a chosa móra! An té bhfuil lán a dhá chois den talamh aige tá sé ceart

go leor 20 (á chur i gcomórtas leis an mbádóir). B'fhear liom lán mo dhá chois den talamh a bheith agam 20 (. . . ná dul ag seoltóireacht). Ag ligean ~ mharbh fúithi 20, ag crochadh coise amháin le scíth a thabhairt di. É a chur dhá chois 20, é a mharú. Chuir sé a chois go hanam ann 20, rinne sé an-bhotún a ghortaigh é féin. Bhuail sé go néal mé ~ tripe [triupe] a thóirt g'fhear acu 27.321. . . . tuisle a bhaint as le mo chois. Bhí sé ag cur cosa beaga faoi na glasógaí 20, bhí sé ag déanamh áibhéile, ag caint go gaisciúil. Ní raibh siad ach a' cuir cosa cruin [crainn] faoi chearca 27.1347, ní raibh siad ach ag cur i gcéill. Bhí siad mar sin gur thosa an ghrian a' cuir cosa uathí sa tranóna 24 scaróir. . . . gur thosaigh an ghrian ag dul faoi agus gathanna fada anuas uathí. Sé a bhí go breá ghiúmarach ina shuí l'ais tine bhreá, ~ air a ghlúin agus gloine ina lámh 27.1469. Sin é an uair a fuair mé sógh na cathaoireach, ~ air mo ghlúin agam agus a' píopa in ordu 27.1341.

coiscéim : coimséig, coisméig.

coiscreas /'ko:ʃgr'as/ f. Cóir mhaith, caoi shábhála. Cuir ~ ceart anois air [dúchan móna] 20. B'fhrusta an Ghaeilge a chur 'an cinn dá gcuirí ~ fhéin uirthi 20.

coiseacán f. Rópa idir lúb sa mballa agus braighdeán na bó 19.

cois-éasca aid. Tapa ar na cosa. Is ~ an fear fós é 20. M'anam go raibh tú ro-chois-éasca 19, . . . go ndeachaigh tú chun bealaigh ro-scioptha (go háit nár chóir duit dul ann).

Cois-Fharrageach f. Duine as Cois Fharrage 20.

coisín b. 1. ~ chaol 20, písin caol talúna. 2. Ag ligean ~ mharbh 20 (le hasal, etc.), ag tógáil coise amháin ag tabhairt scíthe di. 2. ~ shiúlach 19, duine a bheadh ag imeacht ó áit go háit. Marach ~ shiúlach ní ghabhfadh sé ann 20. 3. Ag imeacht ar choisín ó bhacach 20, ar chois amháin, an ceann eile craptha suas d'aon turas.

coisméig b. Coiscéim 24. Sé chaoi a raibh sé ag siúl amach ar a choisméig 20, . . . ag siúl go réidh de réir a chois. Dhá choisméig is léim 20, 'hop, step, and a jump'.

coisriceann. Dhéanfainn é chomh maith le aon fhear a choiric a mhaíl 20.

coiste f. Tá sé ag rith ina chóiste anois 20, tá sé go maith as anois. Ba é a bheadh uaim thú a rith i gcóistí 20, . . . tú a bheith go maith as.

coistreáil b. Aistriú ó áit go háit. Dhá chóistreáil anonn is anall chuile lá 20. Nach ort atá an chóistreáil air 20.

coithín. Buirín súgán a chuirfí isteach faoin tuí dín á daingniú 19.

col f. Gaol. Sén ~ céana a bhí agumsa leis 24. Mura dtugadh siad cuire go dhuine ar bith eile ach na col-ana 24. Tá ~ idir iad 19, gaol nach gceadódh dóibh pósadh. ~ mórsheiseir 19. Ba chol ceathar faoi dhó iad 19.

colainn b. . . . bó a mbeadh ~ mhór aici agus thú siúrálte gur go bhárr í bheith anlaoi é ach air ball nuair a bhí an h-am caite ní raibh lao ar bith inntí.

'~ ghaoithe' a bhí dá thabhairt air a leithid sin freisin 27.1467.

coláiste /kula:jd'ə/ f. Oideachas níos airde ná bunscolaíocht. *Fuair sé ~ 20. Ní in Éirinn a fuair sé ~ sagairt 19, . . . oiliúint le bheith ina shagart. Fear é a fuair go leor ~ 20.*

colbh f. Taobh tíre. *Thart sna colúcháí seo 32. Níl sé sa g~ gon tír a dtainic tú as aon fhear . . . 24. Ní mar a' chéile a bhíos an aimsir in chuile cholu gon tír 24.*

colg f. 1. D'éirigh ~ air 19, d'éirigh an fionnadh air (mada) le teann oilec. 2. Fear cantalach. *Sén ~ g'fhear é nach féidir breanu díreach air 24. . . . bhí coilg go leor ann cho maith leof 24.*

colgach aid. 1. Sochorraithe chun feirge, chun cantail. *Tá sé cho ~ le dris 24. Tá sé cho ~ nó cho cantalach le mála cuit 24. 2. Garbh, doshiúlta. Sé héin a' bóithrín ~ le ghoil ann 24.*

coil f. 'Hazel'. *Ní raibh aon ghaol aig a mbealaí le chéile chan oiread is a bhí ag coul le coilean 27.233. Le breanu orthu ní cheapá go raibh aon ghaol le chéile acu chan oiread agus a bhí aig coul le cuileann 27.991.*

collach f. 1. Fear mór garbh. *Nach é an ~ é 20. 2. Fear gairsiúil 20.*

colm f. *Tá dhá chineál acu ann, an ~ tí agus an ~ fiáin. Ar na sráideanna i nGaille atá na coilm tí le feiceáil. . . . níl siad baol chomh mór leis an g~ fiáin 27.1306. Uair an-annamh a d'fheicé an ~ tí amach ar na goirt 24.*

coltar f. Ball éadaigh rómhór nó liopasta. *Tá sé ina choltar ort 20 (le seaicéad rómhór). Tá an oiread coltrachaí uirthi 20, an oiread éadaí liopastacha.*

colúil aid. Éisealach. *Seachain duine ~ le bia . . . 24. Siad a bheirt fhear is colúla iad 24.*

comaoin b. 1. *Ba chomaoin dó é a dhéanamh 20, bhí sé dlite air . . . , níor ábhar buíochais ar bith dó . . . 2. Chuir sé ~ óil air 20, thug sé cúpla deoch dó. 3. ~ an lae, (oibleagáid) beannú do dhuine. *Pusachán . . . a rachas harat ar a' mbóthar agus a cheann faoi síos aige gan go shubháilceas ann é a aráú ná ~ a' lae a chuir ort 24 cabaire. 4. ~ na Nollag, an bronntas atá dlite faoi Nollaig. Courtheach déileála a chuireas ~ na Nollac anois ort 24 Nollaig.**

combábailta aid. Ar aon chéim ábaltachta 20.

comhaireamh /ku:r'ə/ f. *Ní bhfuigheadh sé ~ na sop ann 20, ní bhfaigheadh sé dada ann, ní bheadh aon mheas air ann. Ní bheidh siad sa g~ ceann ag tíocht as 20, ní bheidh siad [caoirigh] i measc na coda a thiofaidh as. Ná raibh siad ar an g~ ceann faoi cheann coicéise! 20 (eascaine). Tá an scéal a'd anois ar chomhaireamh an fhocail 20, focal ar fhocal (mar a chualas é). Céad a bhí sa gcómhaire beag agus scór le cois sa gcómhaire mór (le plandaí cabáiste) 24 beartaíl.*

comhairíonn /ku:r'i:n/. Comhaireann. ~ siad an-slachtmhar é 20, measann siad go bhfuil sé an-slachtmhar. *Nach mbíonn sé comhairthe le leigheas? 20, nach ndeirtear go bhfuil leigheas ann? Tá sé sin comhairthe 20, tá sin ceaptha a bheith go maith. Tá tú comhairthe! 20, tá tú (an rud a rinne*

tú) tugtha faoi deara. *Ní ag comhaireamh na hanachan é 20 (focal a deirtear tar éis rud tubaisteach a lua).*

comhairle b. *Is aige a bhí ~ an tí 20, is aige bhí ceannas an tí. Fuair sé a chomhairle le ceannacht 20, fuair sé ciall cheannaithe. Fuair sé a chomhairle agus ní ~ in aisce é 20, id.*

comhairleach f. Ceannasaí. *Bhí ~ maith air 20.*

comhaois /ki:]/ b. *Is ~ liomsa é 20. Cén comhaois thú? 20, cé leis ar comhaois thú?*

comhar f. *Fan go dtiocfaidh an ~ isteach anseo 20, fan go dtiocfaidh na daoine eile atá ceaptha a theacht (ní cúrsaí oibre a bhí i gceist).*

comharsa b. *Tháinig bean den chomharsa isteach 20 . . . den chomharsanacht. Bean chomharsan 19.*

comhartha /ku:rə/ 20, /kohərə/ 32, 19. *Fuair mise an ~ céanna uaidh 20 . . . an t-eolas céanna. Bhain mise an ~ céanna as 20, . . . an bhri chéanna. Is é comharthaí na gealaí agat é 20, is scéal gan réasún agat é. [Scéal i dtaobh duine a chuir ór i dtalamh agus é a bheith ar aghaidh na gealaí go díreach mar chomhartha aige.]*

comharthaíocht b. *Ní raibh fágtha ach a chomharthaíocht 20, ach oiread dá chreatlach is go mbeadh a fhios céard a bhí ann. Níl aon bhlas anois ann ach a chomharthaíocht 20, . . . ach go n-aithneofá gurb é [fear a bhí ag imeacht as le tinneas] a bhí ann. Tá sé láidir agus a chomharthaíocht lena chois 20 . . . agus tá cuma na láidreachta air.*

comh- /ku:-/. Priomhbhéim ar comh agus fobhéim ar an dara mír sna comhfhocail seo.

combchaifeach aid. Chomh caifeach le chéile 20.

combchaiteacht b. Ar aon dul maidir le caiteacht 20.

combchothrom aid. *Tá siad [barrannaí fataí] ~ ag teacht 20.*

combchothromacht b. ~ *sineadh na haimsire 20, an chothroime a bhíonn idir dhroch-aimsir is dea-aimsir sa sineadh fata.*

combchruas f. An cruas céanna 20.

combhhoigeacht f. An bhoigeacht chéanna 20.

combhdhíchéillí aid. Ar aon chéim dhíth céille 20.

combhfataí. Fataí ar aon mhéad. ~ *bundáite 'liug bhíodh iontab 20.*

combhláidir aid. Ar aon láidreachta. *Bhí chaon duine acub ~ 20.*

combhláidreachta b. *Tá siad i g~ 20.*

comhleisciúil aid. Ar aon chéim leisciúlachta 20.

comhlúadar /ku:lɔ:dər/ f. . . . *ag tabhairt comhlúadair dhá chéile 31, ag cúirtéireacht le chéile.*

comb-mhar-a-chéile /ku:warə'x'e:l'ə/. . . . *leis an olann a thabhairt le chéile, ~, gan cuid dhí bheith níos duibhe ná an chuid eile 20. ~ an bheirt fhear 20.*

comb-mheáchan f. Ar aon mheáchan. *Tá siad ~ 20.*

comb-mhéad f. Ar aon mhéad 20.

comb-mhéid. Comb-mhéad. *Bhí siad cothrom ~ ar fad 24 oinniún. Bíonn siad air fad cómhéid 24 uisce.*

comhphleanáilte aid. Comhbheartach, comhchleasach 20.

comhphocaide f. Pocaide coillte 20, 19.

comhrá /ko:ra:/ a. br. *Tá an bás ag ~ leis anois 20, tá sé i ngar don bhás. Tá sé fhéin agus an bás ag ~ le chéile 20, id. Ag ~ i t'intinn fhéin 19, ag plé an scéil leat féin. ~ teallaigh 19, caint ag daoine nach mbeadh mórán bunúis leis. Bhíodar i dtiúin ~ 20, ag comhrá go breá le chéile.*

comhbraimhre /'ku:'raiv'rə/. Ar aon raimhreach. É [snáithe] a bheith ~ 20.

comhshantach aid. Chomh díograiseach le chéile i gcúrsaí dúile san obair 20.

comhspreacadh f. Comhláidreach. *Tá siad ~ 20.*

comhráth /ko:tra:/ f. Contráth. *Le cótrá tranóna 24 bás. Bhí sé ag éirí cótrá go math an uair seo 24 caitheann.*

comlán f. Conlán. *Bhí ~ mór acub ann 20, scata mór.*

comórtas a. br. *Ná bíg ag ~ 20, ná bíg ag iarraidh an obair a fhágáil faoina chéile. Ná bí ag ~ le seanfhear 20, ná bí ag obair chomh mall le seanfhear.*

compás. 1. *Tá sé as ~ 19, tá leathmhaing air. Bhí sé ag dul as ~ 20, bhí sé ag dul ar seachrán sa scéal. 2. Thar ~, ró-ard ar fad (le praghas). Tá luach a' bhuidéal fuaisg har ~ 24 Nollaig.*

compóirt b. Compord 20.

compóirteach aid. Compordach. *"Tá muid cho ~ le Rí Sacson anois" a deireadh na fir a bhí ag éirí stáil an uair sin . . . fiobar cé hé Rí Sacson 24 clíth.*

con f. Téagar. *D'fhág sé an ~ ceart inti [i bhfeac lá] 20, d'fhág sé an tomhas téagrach ceart inti. Ní féidir leat casadh a thabhairt di mara bhfuil an ~ ann 20. Tá sé ag fágáil an-chon inti [móin á baint] 20.*

Con. Giorrú ar 'Conamara'. (Sa leagan) *Fear Chon 20.*

conablach f. Duine an-chaite. *Nach é an ~ é 20.*

Conaíoch mara f. Conamaraíoch 20.

Conamaraíoch /kuna'mariəx/ f. Duine as Conamara 20.

conán f. Ainmí réidh socair. . . . a' ~ bocht ré cho socair agus fhanas sé go gcaitear é [coinín] 24 easóg. *Ba dhé féin an ~ réidh go tharbh 27.1502.*

concar f. 1. Duine caol fada 20. *Fág a' bhealach, a choncair! 20. Nach í an ~ í! 20. 2. Duine éasca siúlach. Tá sé ina choncar uiliug anois 20.*

confair b. 1. Mada mór. ~ de mhada 20. 2. Duine, go háirithe bean, achranach, mhistuama. *Nach í an chonfair! 20. Nach thú an chonfair an deabhail againn 20 (a dúrú le fear dallta achranach).*

conlán : **comlán**.

Conn (?). *Éirí Choinn faoi na gabhair agat! - droch-eascaine é 19.*

cónra /kutra/ b. ~ na chúig chláir (sic) 19, cónra ar dhéanamh áirithe nach rachadh ann ach cúig chláir. ~ an chaipín 19, cónra ar dhéanamh áirithe (?).

consaéit /kunse:t/. *Bheadh ~ ag daoine a ghoil ag obair inniu [lá breacshaoire] 20, bheadh col, leisce, ar dhaoine . . . Bhí ~ aige leis fhéin 31, bhí sé míshásta leis féin, aisteach ann féin, de thoradh rud mícheart a dhéanamh.*

contráil. a. br. Déanamh rudaí contráilte. *Ag ~ thart 20. Ag déanamh ~ 20.*

conúil aid. Téagrach. *Móin chonúil 20. Fear ~ 20.*

cópáil b. Cóipeáil. *Ag ~ 20, ag socrú clocha ar bharr balla. Is deas na clocha cópála iad sin 20.*

coparás f. Srón (mhór). *Buailfidh mé isteach ar an g~ thú 20. Stop, nó brisfidh mé do choparás 20.*

copóg /kupo:g/ b. 1. Duilleog tae. *Cér chaith tú na copóga? 20. Caithe amach na copógaí sin 20. 2. ~ bhréan 20, ~ áin 31, Tussilaga farfara. ~ rua 19, cupóg sráide. 3. ~ na cluaise 19, an chluas sheachtrach. Tá sé ag suinceáil na gcopóg 19, tá sé ag ramhrú as a éadan. 4. Cine faoi chupóg 19, cine gan mhaith, gan fhios cé dhár dhíobh iad.*

cor f. 1. Athrú (aimsire). . . . tá ~ eicint san uair 24 bailiúnn. 2. ~ a chur ort féin, lámh a chur i do bhás. *Níl aon nduine chuireas ~ air héin . . . 24. Nach mór an easpa céile hagamns air a' bhfear bocht chuireans ~ air héin . . . 24. (Féach thíos droch-chor.) 3. ~ a chur ar rud, ar dhuine, deireadh a chur le rud, le duine. *Bhí ~ curai ag go leór páipéir aige, bhain leis a státa 24. Meas tú an ~ a fua air nó imeacht obann a rinne sé . . . 24. 4. D'éirí ~ gon infonn is óige 27.1127 . . . cuireadh ó chrích í. 5. Le ~ na geos, le stró, ar éigean. Le ~ na geos a rinnú é 24A. . . . réis gur le ~ na geos a tugu go dtí an uaigh é 27.407. 6. Ina geora agus ina gcnámha a rinne tú é 19, ar éigean le stró . . .**

7. ~ féir, sraith, cur. *Leagtar ~ féir air chaon slat bhóird an fhad siar ón seas a mbeidh tú ag iomra 24 bád. Bhí an-lucht féir agut. Cé mhéad ~ a bhí agut éirí [ar an mbád] 24. 8. Gróigin móna. ~ a bhínn a dhéanamh . . . Deich bhfóid a chuirfhinn sa g~ . . . Ceithre fhód leagtha air a' talamh, trí cinn as a geionn, dhá fhód as cionn an trí cinn, agus fód in uachtar air a bpéire 27.1433. 9. Tá ~ eile le cur ar an gcloich sin 20, socrú eile (sa mballa). 10. (Leaganacha eile) *Ní raibh ~ ná cleas ann 19, ba duine socair cneasta é. Níl sé ar a chor fhéin inniu 19, níl sé ag aireachtáil go maith inniu, níl sé i ngiúmar inniu. Tá sé as ~ 20, tá mí-ghiúmar air.**

Gan ~ ná car as 19, gan corraí ar bith á dhéanamh aige. Chuir sí ~ ina srón chuige 20, chuir sí cuma uirthi féin ag tabhairt le fios dó nár thaitin sé léi. Bhí sí ag imeacht agus ~ ina srón 20, . . . agus í míshásta (le rud a dúrú léi nó a rinneadh uirthi). ~ fuinnimh a chur sa slat 19, í a chasadh (agus a láidriú dá réir). Tá ~ sníomh inti [sa tslat] 20, tá casadh curthi inti. Duine a mbeadh ~ sníomh ann ag imeacht 20, duine a bheadh cam agus é ag siúl. ~ an dá bhreán 19, lúb éigin sa gcníteáil. Chor ar bith, (gan ar . . .). Bhfuil sib a scríobh chor ar bith anocht? 20. Is aisteach an saol é, chor ar bith 20. ~ faoi iongain 19, 20, gor faoi ionga. ~ máirnéalach 20, cor áirithe iomrascála, a thosaítear leis na lámha a chur ar ghuaille a chéile.

cor a. br. *Féachaint (a chéile), iomrascáil. Bhí mé fhéin is é fhéin ag ~ a chéile 20. Bhíodar ag ~ a chéile le caint 19. Ag ~ a chéile sa rás 20. Chuadar ag ~ 20, . . . ag iomrascáil. Micheál Mac Suibhne agus sagart a bhí ag ~ a chéile 19.*

cora : *carra*².
coraice. Bean mhór láidir olc. *Ní raibh inti ach ~ go bhean* 24A. ~ *mrá* 24A.
coraiceog b. Stuca (arbhair, etc.). ~ *tuí* 19. *Ffr. coiriceog*.
coráil a. br. Ag baint cor as (giortria, duine). *Tá an saól á [duine] choráil* 20. *Bhí sí [mada] á choráil* 20.
corail b. 1. Coranna sa mbóthar 19. 2. Caimil-éireacht. *Ní bheach a' saol suas le daoine leis a' g~ tá antú* 24. . . . *Cé cheapach dó go ra an chorail sin ann?* 24. *Bhí ~ bheaga go leór gul thrí na cheann* 24.
coraíocht : *caráíocht*.
coran f. Cuirín. *Cáca corains* 20. *Ag baint corains* 20. *Na corainsí* 20.
corás f. Luibhearnach. *Garraí an Choráis* 19. *Talamh coráis* 19. *Ní fhásann coirce ná líon san áit a bhfuil an ~* 19.
corc b. *Chomh héadrom le ~* 20. *Tá sé ina chorc, tá sé chomh héadrom sin* 20.
corcal f. Bruach locha a mbeadh giolcach ag fás ann, agus go mbeadh talamh ag fás ann dá bharr. ~ *locha* 19. *Sin é an ~* 32.
corcálann¹. Cacánann. 1. *Ag corcáil an bháid* 20, 19. *Iarann corcála* 19. 2. Líonann go maith. *Corcáil é sin [piopa]* 20. *Tá sí corcáilte aríst aige* 20, *tá sí le haghaidh páiste arís aige*.
corcálann². 1. Cócálann (crú capaill). *Ag corcáil na gcrúthí* 19. *Ag cur psoaí rubair leis na crúite le nach sleamhndóidh an capall. Bhí na crúthí corcáilte* 19.
corcán f. Círin coiligh. *Bhí sé chomh dearg le ~ fola* 24A. *Lasadh [a] éadan suas go minic cho dearg le corcán* (sic) *folá* 24 *tuais*.
corna f. *Cornaí feola faoina smig* 24 (le athsmig).
cornálann. Cornann 20. (Cornann freisin 20).
coróin b. *Heacha [féach] luach na crónach!* 20 (a deirtí le ruda a cheannófaí agus a bheadh gan mhaith).
corp f. 1. Lár ruda. *Ní bheadh aon bhlas ina chorp istigh ach tae* 20, . . . *istigh sa leoraí*. 2. *I g~ an lae inniu* 19, 20, 24 *báire*, an lá seo féin. *Bhí trácht agus moladh in chuill' am go dtí ~ a' lae inniu* 24 *mac*. *Ní scór ná leath scór bliana ó shin a bhí an nead seo ach i g~ na bliana anuráí* 27.1266. 3. *Le teann ~ oile* 20, le barr oile. *Tóir faoi deara thú fhéin . . . nach ~ drochuair atá air* 24 *leiceann*. *Mar deireach na sean ndaoine, 'bhéarach sí [ubh lófa] coirp as tala nuair a bhaineá an mullach dí' 24 ubh*.
corpadóir f. Bithiúnach 20.
corpás f. Borradh, buthal 19.
corphéist b. Greim áirithe cniteála 19. *An chorphéist dhúbailte* 20.
corr-. 1. Is minic *for. iol.* ag freagairt d'aínmhocal uatha a bhfuil *corr-* roimhe, e.g. *corr-fhear* a raibh an cionál céanna beithí acub . . . 20. 2. Is minic alt *iol.* le aínmhocal uatha a bhfuil *corr-* roimhe, e.g. *Á laghad na corrsclán a tháinig, rinne siad an-leas* 20. *Is frusta iad a chomhaireamh anois - na corr-theach ceann tuí atá ann* 20.

corr b. *Thuirfadh sé an ubh ón g~ agus an chorr ina diaidh* 20, *gadaí an-oilte é*.
corrablongúm. Corrabionga. . . . *ina shuí ar a chorrabiongúm* 19.
corrach aid. *Chomh ~ le maide ~ cáimín* 20.
corra geam(h). Corrghuib. *Ar a chorra geamh* 19, 20. *Ar a chorra geam* 19.
corraíonn. ~ *le, goilleann air. Is fad' an lá an ghlúin sin a corraí leis* 24. *Tá tinnis cinn a' coruí leis aríst* 24.
corrán f. Rinn bheag talún ag sineadh amach sa loch. *Dhá mbaineá an crán sin amach dhéadá imeacht le tala uaidh sin amach* 24.
corrmhéin b. Mioscais. *Bhí sé lán de chormhéin* 20. *Níl aon chormhéin ann* 20.
corrmhéiniúil aid. Mioscaiseach 20.
corrscreáchóg b. Corr, Máire fhada 19.
cosamar. An chuid is mó de. *D'fhan sé ~ míosa ann* 20. *Bhí ~ céid ann* 20. *Bhí ~ fiche punt agam* 20.
cosán /kusa:n/ f. (a) *Ar chosán, tarraingt ar, beagnach. Bhíodh sé air chasán am dinnéir nuair a thugadh sé* 27.529. *'Chathadh sí a bhe bliain g'aois nó air chasán chuige nuair a dhíolofhái í'* 27.135. *Bhí na plandaí [cabáiste] air chasán a bhe básta aig a' triomach* 24. (b) (Gan ar) *Tá sé casán air dhá fhichead bliain . . . ó bhí an lá sin ann* 27.1190.
coscann. *Cosc ort!* 20, *dún do bhéal (le gasúr). Cosc oraibh chuít* 20, *stopaigí ag meámhaíl. Caith chuige é, coiscfidh sé a bhéal* 20.
coscraíonn : *casraíonn*.
cosmhuintir b. Gaolta agus cleamhnaithe. *Sin iad do chuid gaolta ón coil is goire dhuit go dtí an ghlúin ghaoil is faide amach, agus tagann gaol cleamhnai isteach leis chomh maith* 24. *Má thugann siad cuireadh na bainse dhá g~ air fad, le bhfuil acu dhíobh is mór a bheidheas ann* 24. *Roinniú amach a feamans air fad air chuile dhúine gon chosmhuintir* 24 *roinneann*. *Tá go leór dhá chosmhuintir a' ceapa an oeríocht dhaof héin* 24 *oidhreacht*.
cóstóir f. Garda cósta 19.
cóta f. Brat. *Nuair atá sé a' cuir ~ tuí ar theach* 24 *slat*. *Deoun bréag nach anois atá an ~ tuí air a' teach acu* 24. *Racha ~ math créafóige air chuile phoul fataí* 24.
cothaí f. Cothaitheoir. *Coithí mór achrainn* 24 *dualáil*.
cothrom aid. Leibhéalta. . . . *bhí sé [uisce Loch Coirib] chomh ~ is chomh ciúin le tóin a' phláta* 27.495. *Bhí siad [garrantaí] chomh ~ leis a dílse* 27.1078.
cothú f. *Is é a chothú bheith ag caint i gcónaí* 20, is é a shásamh . . .
crá f. 1. Leonadh ailt. *Chimil sé isteach an bhluinic go math san áit ra an ~* 24 *cimlíonn*. *An air a' rúitín tá an crá eirí?* 20. 2. ~ *croí*, cráiteacht, sprionlaitheacht. *Ní lig a' ~ croí dhó sgillín a leagan aig a' sagart sa mbaillú* 24. *Ní ligeadh a' ~ croí dhó culaith ní a cheannacht* 24 *croí*.
crabadán : *craibeadán*.
crabhl f. Péist ramhar bán. *Nár raibh an ~ ar aon drochthalamh ariamh* 31.

crácaíl a. br. Cur anró air. *Bhí an saol á chrácaíl ariamh* 20.

crácaip. *Bhí sé caite ina chraeip cois an chlaidhe* 20, . . . sínte gan mhothú . . . *Tá sé ina chraeip* 20 (le fear a bhí tite le hól).

crágachán f. Crágálaí 20.

crágaire f. Crágálaí 20.

craibeadáin f. Crabadán. *Chaith sé a shaol ina chraibeadáin* 20.

craic. Buille laisce. *Bhí mé aniar air a' tealach go dhá craic* 27.1336.

craiceáilteacht b. Cáilfocht an chraicealaí 20.

craiceann f. 1. Ag iarraidh an ~ a bhaint dhó ag obair 20, ag iarraidh é a mharú ag obair. *Sheas a raibh ar a chraiceann le oic* 20, chuaign sé le buile. *Níl bior ang thuas ar a chraiceann* 20, tá sé antanaí. *Bhí mé go ~* 19, bhí mé báite fluich go craiceann. *Tá muid ag cuir a gcnámhannaí thríd an g~* 19, . . . ag obair go dian. *Beidh mé go do bhualadh go brách go gcuirfidh mé an taobh dearg de do chraiceann amach* 19. **2.** Lán a chraicinn. *Bhí lán a chraicinn d'olc air* 20. *Bhuail mé lán a chraicinn air* 20. *Chuir mise lán a chraicinn d'fhaitíos air* 20. **3.** (Le duine) *Mo chuid den tsaol a chraiceann, ba dhé an fear ariamh é* 20. *Mo ghrá a chraiceann!* 20. *Mo chraiceann ag an deabhal!* 20.

4. (Le caint) *Bhí sé ag cur a chraicinn dhó* 20, bhí sé ag caint go dúthrachtach nó go feargach. *Cuirfidh sé caint as a chraiceann an tseachtain seo* 20, déanfaidh sé go leor cainte. *Má chuireann siad oireadh dá g~ is a chuir tusa anocht* 20, má dhéanann siad oireadh cainte is . . . **5.** (Le bád) adhmaid ar an taobh amuigh di. *Chuir mé togha an chraicinn air a' mbád duit . . .* 24. *An craiceann ámaid chuir sé air a' mbád?* 24. *Tá greadadh craicinn uirthi* 20 [ar churach canbháis]. **6.** (Le talamh) *Talamh craicinn* 20, 19, talamh atá bán le fada. *Tá ~ láidir air* 20 (ar an talamh). *Tá ~ faighte aige* 20. *Níor fhág siad páircín hart nach bhain siad a' ~ dhui* 24 siad. **7.** (Le móin) *Tá ~ ag teacht ar an móin* 20, tá sí ag éirí tirim. *Chuir an lá inniu ~ maith uirthi* 20. **8.** *Tá an ~ sách fuaithe uirthi* 20, tá sí [seanbhó] sách tanáí. **9.** ~ na fírinne. *Lom chlár chraiceann na fírinne' a deir mé* 27.1394. *Sí lom lár chraiceann na fírinne í* 24 daoireacht. **10.** *I mbarr a craicinn. Tá sí [an phit] i mbarr a craicinn aici* 20, bíonn sí [an cailín] scamhtha chun fir. **11.** *Bhí sé de chnámh is de chraiceann aige* 20, bhí sé de neart ann. **12.** *Ní fiú craicne na bhfataí é* 24, ní fiú dada é. *Fear nach raibh aon mhaith n'fhear oibre leis sin é a buailte [mbuailti] na bhéul nár bhfiú craicne na bhfataí héin é* 24.

craicear f. Briosa 20.

craimpin f. Muc a bhfuil crampaí uirthi 20.

cráinbhean b. Crannbhean 20.

cráinbhó b. Bó sheanda. . . . *suas le chúig lao bearraí aici, ~ a tugtar ansin eirí go mbeidh cupla lao nó trí eile aici, ach woe sin amach níl innití ach grabhlach* 24 bó. *Cheap mé go ra an chráinbhó cho math dhom le budóigin ionlaí* 24.

cráinbheithíoch f. Beithíoch seanda. *Aonach mór cráin-bheithí bhí ann* 24 crann-bhó.

cráinbhear f. Crannbhear 20.

craiplithe aid. Craiplaithe 20.

craipliú a. br. Craplú 20.

craísiléad f. Rud mór ar bith 19.

craislín f. Práta mór, úll mór. *Bhí siad [fataí móra] ina gcráislíní. Craislíní g'úille* 24A. *'Mhairsé dhá mbaint' a deir sé 'bhí chaon chraislín dá ra ann cho mór le do chloigeann'* 24 fata.

craite aid. bhr. 1. Sportha, caite. *Ní raibh a fhios agamsa go mbeithé ~* 20, . . . go mbeadh a raibh agat caite. *Bíonn siad ~ as* 20, bíonn siad sportha as. *D'fhácach a leithde inniu an céad ~ go maith* 27.76, . . . d'fhágfadh . . . poll mór i gcéad punt.

2. Focal trise le focail áirithe a bhfuil donacht i gceist leo. *Tá an ceo craité air na lads sin le míostáid* 24. *Tá an mí-ádh craité orthu* 27.1432. *Tá an deabhal ~ air* 20. *Bhí an clampar ~ ar bun* 20. *Tá an tubaiste ~ air* 20. *Tá sé ~ eirí* 27.1432., tá an donas uirthi.

craíteachas f. Spriónlaitheacht 32.

craiteacht b. Laige, spiontacht. *Dhá chraiteacht dá raibh sé* 20.

craitheann. Croitheann. *Chraith sé an bhalcais aige* 20, bhuail sé go maith é.

craitheadh f. 1. Fuilleach bheag de rud. *Níl ann ach an ~* 20, braon beag fágthach. *Tá mé sportha go dtí an ~* 20. *Tá sé caite go dtí an ~* 20. **2.** Greadadh buailte. ~ *maith buailte* 20. **3.** Suim. *Níl ~ ar bith acub ann* 20, níl suim ar bith acu ann, níl meas ar bith acub air. *Níl ~ ar bith acub sa méid [airgid] atá siad a fháil* 20. **4.** *Ní bhfuair sé ~ ar bith ann* 20, níor chuir sé stró ar bith air. **5.** *Cuirfidh mise ag ~ na gcrúb é* 19, buailfidh mé is leagfaidh mé é. *D'fhág mé ag ~ na gcrúb é* 19, sháraigh mé san argóint é. **6.** *Deoul cra ina gchuais* 24 gléasann, níl aon bheocht iontu. *Níl craith ina chluais go bhárr a' sá sin* 24 sánn.

cránach f. 1. Slip mhór mhucie idir ceitire is sé chloch. *Is math a' ~ i, is géarr go mbeidh sí i na muic* 24. *Ach má tá sí suas 'na ~ nó 'na leathmhuic atá fios a mhairtí agut* 24 srón. **2.** Ógánach láidir. *Tá siad [ógánaigh] suas na gcránachaí láidir anois aige* 24.

cranda aid. Cruaite. . . . *níorbh é leath chóir Dé iad a' fáil ocras sa deire, leis a' gcroi crandaí crua a bhí acu* 24 bailiann.

crann f. 1. ~ a chaitheamh air. *Chonaic mé ~ á chaitheamh uair air phiosa talún sul má caitheamh an crann* 24. **2.** Rud a chaitheamh ar chraimnte 20. **3.** ~ a thabhairt dó 20, é a chur ar chraimn. **4.** *Sa gcaoi's nach dtiocfadh sé i g~ an mhac is óige* 19, . . . nach dtitfeadh sé ar chrann . . . **5.** Crannchur. *Ghrú an Blacach ~ mór i Sasana a bhfiú trí fichid míle punt* 24 crú. **6.** *Mara mbeithé ann le tús craimnte* 20, mura . . . nuair a bheadh an gnó as tosú. **7.** *Cranna cumhachta. Chuir sé as a chranna cumhachta é* 20, chuir sé le buile é. *Do chranna cumhachta ní dhéanfadh é* 20, ní dhéanfadh do dhicheall é. **8.** Crann seoil. *Bhí*

- airde crann báid de shalackar ar a éadain 20, . . . go leor salachair. *Chonaic mé báid ag imeacht ina gcrainnte chomh minic* . . . 19, . . . ag imeacht gan aon seol a bheith crochta.
- crannann.** Cuireann ar chrainnte. *Cranna muid a' talamh nú máireach 24. Chrann muid a' féar Dé Dóna 24. Is minic gur Dé Dóna a thoech siad a' crannadh nó a cathadh crann air na cocaf féir 24. Réis a crannadh, shoir le bothar an tSean Chroich, a thit [ar] Pady Rosc 27.635. . . . go leacach sé mhéir air chnaipe bóna a léine nuair a bheach sé a' crannadh mar cothara dó 24 ithir.*
- croabh b. 1.** Chun craoibhe, i gcrabh. *Tá an t-arúir air fad an g'fhuil' craoibhe 24 iúl. 2. ~ áille. (a)* Craobh a h'leastaí ar ócáidí áirithe. *Bhí sí ré mhór baintí. . . le torraí a bhíodh sí gléasta, agus níorbh iad na cinn bheaga ná shuarach chon oiread iad ach na cinn a b'fhearr. Is beag na bláthannaí a bhíodh eirí. . . air lánúiní óga a bheadh a' goil a' pósadh a bhíodh an chraobh áille. Ní bhíodh a' chraobh a. ar chuile lánúin a bhíodh le pósadh 27.1407. Air a bhfear óg a bhí le pósadh - bheadh báire air - agus is air a bheadh a' chraobh áille a bhronnadh air na báireoirí a mbeadh a' bua acu 27.1407. (b)* An bua. *Bean an-deaslámhach bu dhea í a' cniotáil. Sí a bhí a' fáil a' chraobh áille aig uile chomórtas 24 deaslámhach.*
- crasach aid.** An-dearg as éadan. ~ dearg as a cheannaghaidh 20. *Is í a bhí ag breathnú breá ~ 20. ~ dearg as a héadan 19.*
- crascairt : **crúscadh.**
- crapach aid.** An chúirtéaracht chrapach 19, cúirtéireacht nach mbeadh ann ach comhrá le chéile chois teallaigh.
- crapachan a. br.** Éirí strompaithe (le duine) 20.
- crapanm.** Faigheann bás. *Shloain sé siar ar an ourlár agus chrap sé leis 27.15. Bhí an-ghabhallas talún aige, is mór atá a' faire go gcrapadh sé leis 27.792. craplú, -laithé : **craipliú, -lithé.***
- cras f.** Sciurtóg. *Níl ~ agam 20, níl pingin rua agam. Níl ~ rua a'm 20.*
- crás f.** ~ croí 20, sprionlaitheacht. *Bhí ~ croí air scaradh leis 19. Ní ligfeadh an ~ croí dhó cupán tae a ól 20 [mar go mbeadh air íoc as].*
- cras-adhmad f.** Adhmad a choinníonn easnach na curáí le chéile 20.
- crasbhóthar f.** Crosbhóthar 20.
- crascairt a. br. 1.** Clascairt. *Ag ~ bháistí 20. 2. Caitheamh anuas, díbliú. Bhí muid ag ~ air 20.*
- cras-mhaide f.** ~ éamainn 20, maide éamainn a théadh trasna an dorais.
- crasóg b.** ~ mhara 20, crosóg mhara.
- cré b.** *Bhí ~ agus fód air sul má bhí an Fómhar caite 27.254. Nó go dtéigh ~ agus fód orm, ní dhéanfha mé dearmad 27.495.*
- creabhar f. 1.** Sprionlaitheoir glic. *Bu dhé héin an creour g'fhear. Bu dhé an creour é bu deacair chúig chárta a imirt leis 24. 2. 'Deabhal'. 'Go scalladh an ~ thu' a deirim 27.1359. Ffr. **cleabhar.***
- creabhraisí iol.** Cearbhas 20. Ffr. **ceábhraisí.**
- creachnaois b.** Creachlaois. (Mar a. br.) *Bhí mé ag ~ oibre ó mhaidin 20.*
- creáfóg : **criofóig.**
- creagaire : **creangaire.**
- creaití, iol.** ó 'creathadh'. *Ag cur ~ dhó 20, ag creathadh. ~ fuaicht 20. Bhí na ~ orm a' fanacht 24. Bhí mé g'éirí go na ~ le fuacht 27.70.*
- créalach b.** An chréalach 19, scrathith thirim a chuirfeá sa tine. *Scrathith chréaláí 19.*
- creamsaíonn. 1.** Ceansaíonn. . . . g'iarra an fhir óg seo a bhí ime sa gceann a chreamsú 24 fód. *Bhí na piolaris air a ndícheal ag iarradh é a chreamsu 27.708. Tá sé creamsaithe aig a' tsróinín d dheoultai dhá ra sé [tarbh] 24 sróinín. 2. Sáin-níonn. Chreamsa muid na caoire a mbun na páire 24. . . . air bhean tí ag iarra bhe a' creamsú an chuit bhionns a' marú na siciní 24. Ní fhéadaim ghoil amach as seo ag na sceatha tá go mo chreamsú 24. Nuair a rachá an bealach agus caora a fháil creamsú sna sgeacha 24. Caithe an chuid is mó gon oí a' streachailt a' bhó sin as an áit a ra sí creamsáí 24 streachlaíonn.*
- creangaire f.** Creangaire, gortachán 20. (Creangaire freisin 20).
- creatalach.** Creatlach. *Chuaigh an fuacht isteach i mo chreatalacháí 20. Ní féidir an tinneas a ghlanadh as a chreatalacháí 20. Má tá sé ina ~ anois, bainear aisti é 20, má tá an neart inti [sa gcapall], bainfear obair dá réir aisti.*
- creathnaíonn : **criothnaíonn.**
- créatúlacht b.** Tréatúlacht. *Rinne sé ~ orthab 20. (Tréatúlacht freisin 20).*
- créatúr f.** Rinne sé ~ dhó 20, bhuail sé go dona é. *Déanfadh mise ~ dhíot 20.*
- creideamh f.** An ~ geal 20, . . . Caitliceach. *An ~ dubh 20 . . . Protastúnach. Níl a fhios agam ó chreideamh Pheadair anuas céard a dhéanfas mé 19. Níl a fhios agam ó chreideamh Pheadair cé chaoi a ndearna sé é 19.*
- creidim : **heidim.**
- creigear f. 1.** Criogear 20. 2. Duine beag suarach. *Nach tú an ~! 20.*
- creisteachtáil b.** Creidiúint 19. (Creistint, creideachtáil freisin 19; creistiúint 20).
- criach b.** Cré ghlónraithe. ~ atá iontab 20. *Jár-annaí ~ 32. Soithí ~ 19.*
- criathraíonn.** *Is frusta í a chriathráí inniu ná a cur ina seasamh 19, is fusa í a mharú . . . (le seanbhean a bheadh go dona tinn).*
- crích b.** *Chuirfeadh sé dhá chrích Mhuire thrína chéile 20, chuirfeadh sé áit ar bith . . .*
- Crích Banba.** *Bhí fataí Chrích Banba aige 20, bhí go leor leor . . . Daoine Chrích Banba 20, slua mór. Báisteach Chrích Banba 20, an-bháisteach mhór. Bhí airgead Chrích Banba aige 20. Bhí an Chrích Banba airgid aige 20.*
- Crích Fódla /,kr'i: 'fo:lə/.** *Bhí fir Chrích Fódla ann 20, bhí slua an-mhór fear ann. Crích Fólach 20 freisin.*
- Crích Lochlainn.** *Tá tú ar nós na gcearca atá ag goil go ~ 20, tá tú go mishuaimhneach ag imeacht anonn is anall ar nós . . . (Ag iarraidh dul go C.L.*

a bhíonn na cearca is iad ag imeacht thart ag scríobhadh, de réir an tseanchais).

criofóig *b.* *Is iomaí fear níos óige ná é ag díonamh criofóige 20, . . . san uaigh.*

criogar : creigear, cleigear, clegear, croigear.

críonach *f.* Rud tirim. *Tá sí [móin] ina ~ 20. Tá sé [fear] ina chríonach 20.*

críonachán *f.* Rud atá ró-thirim. *Tá sé [fear] ina chríonachán le triomach 19. Tá sí [móin] ina ~ 19. críonna aid. Chomh ~ le Sola[mh] 19.*

crios *f.* 1. ~ ceangail 32, 'convolvulus'. 2. ~ *Bride*, sórt rópa tuí ag gasúir ag imeacht ó theach go teach faoi fhéil *Bride*. *Tá tú i do chrios Bride ag imeacht!* 19 (le duine a bheadh ag imeacht ó theach go teach ag cuartaíocht).

criostaí *f.* *Ní raibh ~ an éin bheo ann 20, . . . duine ar bith. ~ an éin ghlí ní rabh ann ach an bheirt fhear 24 sochairde.*

criotán *f.* 1. Creatachán 20. *Níor fhan aon duine ach ~ nár imigh 20.* 2. Cársán, plúcadh. *Lán le ~ is le phúcadh 19.*

criotánach *aid.* 1. Cársánach 19. 2. Ina siocair le slaghdán agus tinneas. *Tá an aimsir seo ~ 20.* 3. *Duine ~ 20*, duine bheadh ag casaoid i gcónaí ar a shláinte. *Tinn ~ 20.*

criothnaíonn *br. ais.* Creathnaíonn, scanraíonn, 1. *Chrionach sé ú nuair a smaointeá air an oic a bhí ann dhá bhean is á pháistí 24 oic. Nuair a scap sceúl a bháis amach fud a bhaile, chrionna sé na daoine 24 bás.* 2. Dúisíonn, múineann (duine) le aire a thabhairt dó féin. ~ *sé [a dhul san arm] iad 19.*

cró *f.* Teach beag le haghaidh ainmhithe, éanlaithe, etc. *Níor thaobhaigh mé teach ná ~ ó mhaidín 19*, bhí mé imithe ón teach ó mhaidín.

croch *b.* *Croich Chéasta orainn!* 20, Dia ár sábháil! *Cheannóch sé ón g~ iad 24*, tá neart an airgid aige. *Is túisge a rachain sa g~ ná a bhéarain isteach dó 24. Doir [dar] an gCroich Chéasta!* 20 (agall dearbhaithe).

crochann 1. *Nuair atá an sruth agus an ghaoth in aghaidh a chéile ~ sé an fharraige 19*, déanann sé garbh í. 2. *B'fhéidir go gerochfadh sé as 20, . . . go nglanfadh an aimsir.* 3. *Bhí crochadh maith sa ngrian 20*, bhí an ghrian ard go maith. *Tá crochadh mór ann 20*, ard mór sa talamh. 4. Ardaíonn. *Croch an solas 20. Tá an ghrian ag crochadh 20, . . . ag ardú (ag tús an tSamhraidh).* 5. *Go gerocha an deabhal go hOileán Ard thú, . . . san Eadáine thú, . . . go Halifax thú, . . . sna haeraimiliúns thú 20.* 6. *Chroch sé a chuid seolta ar maidín 20*, d'imigh sé leis . . .

crochaireacht *a. br.* 1. Fálróid thart go díomhaoin 20. 2. Ag déanamh beagán siúlóide taobh amuigh, mar a bheadh duine tar éis babhta tinnis nó seanfhear le teacht na haimsire breá. *M'anam go bhfuil sé ag ~ 20.* 3. *Ag ~ ó lá go lá 24A*, ag maireachtáil ar éigean . . .

cróchraid *b.* Cróchar 19.

crochta *aid. bhr.* 1. Ard. *D'fhás sé suas go math in [a] aois is géarr go mbeidh sé cho ~ len athair 24 fás. Fear ~ tanaí 27.52. Fear ard ~ 19. Sróinín*

dheas chrochta 19. Is breá ~ an t-asal é 20. (Le rud). *Giodán ~ 20. Tá sé déanta in áit chrochta 20. Is gearr go mbeidh an balla sách ~ aige 20.* 2. *Go tapáí. D'imigh sé ~ 20.* 3. Aerach. *Nach thú atá ~ ag imeacht!* 20. 4. *Tá sí ~ aige 20*, tá sí le haghaidh páiste aige.

croí' 1. *Bhí sé a' goil cois chroí linn an dream a bhí ag ithe talamh an tí mhóir 27.450*, bhí sé ag goilleadh go mór orainn. *Chuaigh sé cois chroí leo 27.1479.* 2. *Bíonn a g~ i mbarr a gcléibhe le ríméad . . . 24. Bhíodh ~ na gcaillíní óga i mbarr a gcléibhe le glíondar ansin 24 cuire.* 3. *Bhí mo chroí i mbarr mo chluaise 20 . . . bhí an-fhaitios orm.* 4. *Sin é an uair a bhuail sé 'na chroí é go raibh Banks cáillte 27.413*, bhuail sé isteach ina aigne. *Bhuail sé in mo chroí mé gur bh é mac Mháirtín Ó Cúil é 27.357. Bhuail sé in mo chroí mé gur madraí a bhuail faofa 24 streachlaíonn.* 5. *Tiúrfaidh sé a g~ fós dhóib 20*, tabharfaidh sé a ndóthain le déanamh fós dóibh, ar éigean a éireoidh leo é a dhéanamh. 6. *Ní raibh sé de chroí aige níos mó a thabhairt 20*, ní raibh sé de ghnatúlacht ann . . . 7. *Tháinic bualadh ~ air 20* (le faitíos). *Bhí bualadh ~ orm go n-inneodh sé orm é 20.* 8. *Tá a fhios ag mo chroí é 20*, tá a fhios go maith agam. *Níor chuimhnigh mo chroí air 20. Níor chulmre a g~ go ra aon cheó na cheann 24 crapann.* 9. *Ní mó ná go leiceá isteach in do chroí go ra fir cho díth-chéilí is go rinne siad a leithide 24 stócáil, . . . go ligfeá duit féin a chreidiúint . . . Ná lig isteach in do chroí go dtiúra siad na géamha suas 24 soláthraíonn.* 10. *Dhá chroí. Tá dhá chroí aige 20*, duine misniúil aerach é. *Tháinic dhá chroí dhó nuair a chuala sé . . . 20. Tháinic seacht g~ dhom 20.* 11. (Leaganacha eile) *Bhí cnoc ar mo chroí 20*, bhí lionn dubh orm. *Thiúrfadh sé fuil a chroí dhuil 20*, fear an-fhlaitiúil é. *Níl an chroí ina chuid ceoil 20*, níl aon bhri ná cumas duine a chorraí ann. *Bhrisfé ~ na gcloch 20*, bhrisfé an croí is crua. *Bhí an fharraige chomh lom le ~ do bhoise 20. Tá sé chomh lom le ~ do bhoise 20*, le beithíoch beathaithe sleamhain. *Chomh folláin le ~ na haille 20.* 12. *Bhí ~ gaoithe anoir ann 19*, bhí gaith anoir díreach ann. 13. ~ *rotha 19*, 'hub'.

croí' *aid.* Lách, ceart. *Níor 'úirt muide tada leis an duine ~ 20. Lá ~ dílis a bhí ann 20*, lá breá, lá ar leith.

croibhinn *b.* Crobh. *Ag síneadh amach na croibhinne ag craitheadh láimh leis 19.*

croigear *f.* Criogar, duine nó gasúr beag feosaí. *Nach é an ~ é! 20.*

cróilí(the) *aid.* Stromptha sna hailt. *Cróilí leis an aois 19. Cróilí le leisce 19. Cróilíthe i do shuí síos 19.*

crois *b.* ~ *cac le cipín ort!* 19 (freagra magúil ar *Crois Chríost ort!* nó *croisim thú!*). ~ *a' mharga 24 tórramh*, ainm cluiche tórraimh.

croisín *b.* An maide treasna cóngarach de bharr cuaille teileagraif. . . *go ndeacha mé go ~ orthab 20.*

croite, -acht : craite, -acht.

croitheann, -theadh : **craitheann, -theadh.**

croíúil *aid.* Bríomhar, spridíúil. *Chomh ~ le lon dubh ar chraobh 24, . . . le mionnán míosa 20. Asal ~ 20 (le stail). Capall ~ aerach 20. 2. (Le háit, aimsir) Crochta, aerach. *Is ~ an áit é seo 19. Is ~ an lá oibre é 20, lá breá thabharfadh ardu meanma duit. 3. (Le hobair) Is breá ~ an obair í obair lá 20. 4. (Le bád) Is ~ an bád í sin 19, éadrom tapa ar an bhfarraige. 5. Go ~, go 'binn', go héasca. *Ghrú [ghnóthaigh] na hEmmetts go ~ 27.219.***

crom *aid.* *Bhí srón chrom air 19, srón a raibh a bárr cromtha anuas. (Comhartha deiseachta é).*

crománach *f.* Duine ard crom 20.

croma rúta. Cromada. *Ag imeacht ar a chroma rúta 19.*

crompáinín *f.* Droinnín beag sa mbóthar 20.

crompán : **prompán.**

cromshlinneán *f.* Slinneán cromtha. . . . *ach go raibh roinnt ~ air 19.*

cromshrón *b.* Srón chrom 19.

cromta *aid. bhr. Bhí sé [seanfhear] chomh ~ is go dtóigfeadh sé biorán beag den talamh 20.*

crón *aid.* Dorcha. *Tá sé dearg ach tá sé ~ go maith 20, . . . dorcha go maith.*

crónán *a. br.* (Le cuspóir) *Ag ~ foinn 19.*

cros : **crois.**

crusach *aid. 1.* Dorcha as éadan (ní gá go mbeifí salach). *Daoine buí ~ 19. 2.* Garbh, deacair a shaothrú, nó a shiúl. . . . *ní raibh ann ach creig chrosach cholgach bhradach 27.1362. Air chreig a bhí siad a bhí deoula crusach 24 greim. . . . ní raibh le bóthar ann ach tala ~ gan tada a' fás air ná le feiceál ach cloch eibhir air fad 27.941. Bealach ~ go maith tá tú go mo thóirt 24. 3.* Garbh. *Fear an-chrosach a' breanú é 24.*

crosán *f.* Áranach (de leasainm) 20. *Na crosáin, muintir Áran 19.*

crosántacht *b.* Cur i gcoinne. *Níor mhaith léi mórán ~ a chuir air 19.*

crosbhóthar : **crasbhóthar.**

cros-chaint *b.* Argóinteacht. . . . *an chros-chaint bhí air a' mbeirt mar gheall na cearca ghoil sa ngarraí 24.*

crosóg : **crasóg.**

crosta *aid.* *Lá chrosta na bliana 32, Lá na Leanbh, cibé lá a dtitfeadh an 28ú de mhí na Nollag air, bheadh sé crosta ar dhuine obair a thosú an lá sin go ceann bliana.*

crostaíocht *b.* Crostacht. *Ní fhéata drana leiche ní airim í a bhleán go bharr a' chrostaíocht 24.*

crotach *f.* *Is deacair teacht i ngan fhios air ach oiread leis an g~ 29, tá sé chomh hairdeallach leis an gcrotach.*

crothaireacht *b.* Cruthú, tosú ag fás. *Chaith siad [síolta] a' naomhaíocht a' ~ roimh a rug siad air a ngreim 24 naomhaíocht.*

crú *f. agus b. An ~ ar an gcois aige, é i sáinn. Sheas sé sa mbeárna nuair a bhí an ~ air a gcois acu 27.39. . . . nuair a chonaic sé ~ air a' gcois aig muintir a' bhaile agus a' ghuais a raibh siad ann*

27.483. Níor chorra sé go deó go dtainic a' chrú ar a gcois aige 24. B'éigeann dó cuir dhó nuair a hainic a' chrú ar a gcois aige 24.

crua *aid. 1. Chomh ~ le cloch eibhir 27.819. . . . le drioball an tsuic 20, . . . le drioball an bholmáin 20, . . . le croí airne 20. Tá sí [móin] cho ~ le adharc pacaide 24. Smachta d'arán brain chomh ~ le adharc pacaide 27.1518. 2. Fear ~ fáiscithe 19, . . . néata pointeáilte. 3. Coisméig chrua 24A, coiscéim scioptha. Siúl ~ 20.*

cruabhodach *f.* Fear crua láidir 20.

cruabhuaichaill *f.* Fear crua láidir 20.

cruach *b. Tá ~ ar an teach le daoine 20, tá an teach plódaithe le daoine. Bhí ~ ar an bpláta 20, carn mór beatha.*

crua-chaint *b.* Sáraíocht, argóint. *Bhí ~ eidir an bheirt 32. Ag ~ le chéile 20.*

cruachmhaoil *b.* Maoil mhór. *Tá ~ ar an bpota 20.*

cruanta /kru:ntə/ *aid.* Cruaite. *Is crúnta an croí nach bpreabann a' ceol 24 píobaire.*

cruatan *f.* Aimsir chrua. *Tá ~ air 20. Gabhfaidh sé ar chruatan 20.*

cruas *f. 1.* Aimsir chrua. *Tá ~ air 19. 2.* Géire luais. *Mar a gcuirfí muid tille ~ sa gcoiscéim . . . ní bheidh muid shiar inniu 24 farraige. 3.* Talamh cruu. *Coinnigh ar an g~ 19.*

crúb *b. 1. ~ lámhe, crobh. Ní iona spreaca bhe ann agus a' chrúib lámhe tá air 24. . . . bhí cosa grabairí suas go ghúin in aon scrath amhain acu [ag faithní] agus crúba a lámh cho maith 24 uisce. 2.* Lán lámhe. *Tóir anoir crúib tháirní 'gum 24 tairne. Bhí crúib airgid aige 20, . . . riar mhór airgid. B'fhéidir go bhfuair sé crúib 20, . . . breab. 3. ~ circe 19, greim áirithe criteála. 4. Crúib gé 20, (i) 'cat's cradle'; (ii) comhartha seirbhéara ar chloch. 5. Crúba farraige 19, tonnta i lár na farraige a éiríonn agus a thiteann anuas go tapa. Bhí crúba móra i bhfarraige 19. 6. Galar na gcrúib, 'footrot'. Nuair a bhuaileas garla na g~ na caoire 24 caora. 7. (Le beithíoch) Níor ceannaíodh ~ ann 20, níor ceannaíodh beithíoch ann. Ní dheacha ~ isteach i mbliana ann 20. 8. Crúba dubha, crúba préacháin 20, cineál feamainne.*

crúbach *aid.* *Bhí craitheadh ~ orm leis an bhfuacht 20, bhí mo lámha ag craitheadh . . . Is gérr a mhair sé, g'fhear ~ láidir dhá shórt 24, fear a raibh lámha láidir aige . . .*

crúbachán *f. 1.* Oibrí láidir garbh 20. *~ maith é 20.*

2. Duine a ligfeadh do rudaí titim as a lámha 20. *Céardós ~ thú fhéin! 20.*

crubaidín *f.* Ainmhní nó duine a bheadh craiplithe 20. *Ffr. cruibidín.*

crúbáil *a. br.* Ag baint fhataí le do chrúba. *Obair dheas a' chrúbáil, dá mbeach an uair go breá agus fataí matha agut 24. A' ~ fhataí 24. Ag ~ na bhfataí 19.*

crúbáire *f.* Crúbachán (*q.v.*). *~ mór oibre é 20.*

crúbálaí *f. 1.* Duine maith ag obair go garbh. *Is iontach an ~ é 19. ~ oibre 19. ~ mór é 20. 2.* Duine a ligfeadh do rudaí titim as a lámha 20.

crúcálaí *f.* Duine a dhéanfaidh obair throm gharbh.

~ mór leis an saol é 20, saothraí mór le hobair gharbh ag iarraidh a bheatha a shaothrú.

crugán f. 1. Carnán cloch. *Clocha a bhíos caite ina medll mór is oru tugtar a' ~ 24 . . . go bhfuil sé [airgead] ina chrugáin acu 24. Leis an iona a rinne sé gon fhear faoi é a fheiceál ag iascaireacht i gcrogán 24 iascaireacht. 2. Carnán ar bith. *Níl aon siopa á rabh a' díol feóla nach rabh ~ acu [crúibíní muc] ar a' bhfuinneóg 24 crúibín. Crogáin fhataí air mhiasa. móra gréthí 24 pósadh. 3. Slua. *A leithide go chrogán daoine ní fhaca mé air bhothar riamh 27.1343. 4. Tá crogáin a' titim i mo bholg 24A, tá mo bholg ag geonail le hocras. Bhí crugáin a' titim ina mboilg le ocraí 27.74. 5. An ~ a thabhairt dó, é a chaitheamh amach. *Tá siad cho meirigeach anois is go beag nach ra sé go ré dhuit a' crogán a thóirt dhaof 24 meirigeach. . . . agus go gcathfhadh sén ~ a fháil 24 leiceann, . . . é a chaitheamh amach.****

cruib' b. Iarlais. *Air pháiste a d'fhág na daoine maithe i dteach a dtug siad páiste nádúrach a tí leofa a bhí 'an chrib' dá thóirt 24. /krib'/ 24A.*

cruib' b. Bosca ráillí ar charr. ~ mhóna 20. *Bord na cruibeach 20.*

cruibidín f. Cruipidín 20.

cruibijáil /krib'ídza:l/ a. br. Tóraíocht agus cnuasach rudaí ar le daoine eile go minic iad. *Ag imeacht ag ~ 19. Chruibijáil sé é 20.*

cruibijáil f. Duine a bheadh ag cruibijáil (q.v.) 20.

crúibín b. 1. ~ cuit 20, 'cowslip'. *Crúibíní mó cait /mo:'kit'/ 24A. Cruibíní cuit 27.276 id. ~ sion-naigh 32, luibh éigin (?). 2. ~ a dhéanamh 20, barr méaracha láimhe a thabhairt le chéile, lena thaispeáint nach bhfuil siad stromptha ag an bhfuacht. *Bhí ~ i air leis an bhfuacht 20.**

crúimeasc /'kru:m'ask/ b. Ceangal ar dhá chos tosaigh nó ón gcloigeann go dtí cos tosaigh ar chaora 20. *crúimeasc freisin 20, crúimeasc 19.*

cruimh /krev'/ f. 1. *Bhí sé ag déanamh cruimhe go mbeadh sé amuigh 20, bhí sé ar bís le mífhoighne . . . 2. Ní dhéanfaidh na pinneachaí cruimhe acub 32, caithfidh siad go gasta iad. 3. Duine suarach gortach 20. 4. Níorbh iontaí liom ná ~ i salann thú a fheiceáil san áit seo 20.*

cruian aid. *Chomh ~ le airne 20. Chomh ~ le croí do bhoise 20.*

cruinne f. 1. 'Gather' in éadach. *Cuir cupla ~ beag ann 20. 2. Bhíodh cruinní timpeall a bhéil nuair a thosaíodh sé ag gairí 20.*

cruinneadas f. Cruinneas 20.

cruinneáil, cruinneál. a. br. Cruinniú 20.

cruinneog b. Seanbhean theann théagrach 20.

cruinniú f. An cnap ar chúl an chinn. *Stop nó gheobhaidh tú ar an g~ é! 20, . . . buailfear ar chúl do chinn thú. . . . ar chruinniú an chúil 20.*

cruipidín f. cruibidín, crubaidín.

cruiplithe aid. bhr. Craiplithe. *Tá na méarachaí ~ orm 20.*

cruit b. 1. *Bhí lán a chruite d'fhaitíos air 20, bhí an-fhaitíos air. Rith sé i muinín a chroí is a chruite 20, . . . i muinín a anama. Buailfidh mé lán do chruite*

ort 19. 2. Is gearr go raibh ~ air an áit hart timpeal air fad le daoine 27.1341, is gearr go raibh slua mór daoine san áit.

cruiteach, -án : **crutach, -án.**

cruína f. Crúca 19.

cruóg b. 1. (~ + gin.) *B'fhéidir gur ~ ola a bhí air 20. 2. Ar an gcruóig, le linn ganntain. Is maith ann é ar an gcruóig. 3. In aimsir na cruóige 24, nuair a bheadh a chac nó a mhún ag ainmhí.*

crupaire f. Crupach 20. ~ láidir fós é 20, le sean-duine cnaptha láidir.

crupann. Crapann 20, 19.

crúscadh f. 1. Craoscairt sa mbéal. . . . *a' crúscá tá air mhíleáin acu 24. . . . ag éisteacht leis na (m)beithí a' crúscá na dtornapai 24. 2. Díoscar-nach. An airíonn tú an crúscá tá ag a' talamh go bhárr a chaoi a bhfuil sé ag sioc 24. Bhí na cipíní cho críon is go ra siad a' crúscá faoi mo chosa 24.*

crutach aid. Cruiteach 19.

crutachán f. Cruiteachán 20.

cruth f. *Tá sé [beithíoch] i g~ na scine anois 20, . . . réidh don bhúistéir.*

cruthaithe aid. bhr. *Níl aon rud ~ chomh daor leis 20, níl rud ar bith ar an saol . . . Deabhal scrios ~ ach é 20.*

cruthú f. *Cumas chun barr maith a thabhairt. Ins a talamh atá an ~ 24. . . . a liachtaí glásra eile a bhfuil cothú iontu . . . atá talamh a bhfuil ~ ann a thóirt 24. A' mhéid a bhí iontu agus a' déanamh a bhí orthu, an snas agus a' sleibhneacht a bhí na graiceann a chuireadh an iúl duit an ~ a' bhí sa talamh 27.913.*

cuach b. 1. (An t-éan) *Tá sé chomh gléasta le ~ 19, tá sé an-ghléasta. Nár chloise tú an chuach ná an traghnach! 19 (eascaine). Fataí cuaiche a tugtaí orthu dá mbeadh sé a' brú amach le deiridh na míosa [Aibreán] nuair a bheithed dá gcur 27.1481. 2. (An glór) Tá sé sa gcuaiach dheireanach 19, tá sé ag fáil bháis, ar an dé deiridh. Tá siad sna cuacha deireanacha 19, id.*

cuachann. Slogann. *Tá sé cuachta aige 19. Chuach sé in aon iarraidh amháin é 19.*

cuachaíl. a. br. Séideadh amach tríd na polláirí. (Le capall, asal; ní seitreach ná 'whinny' é) 19, 20. *Bhí sé [duine] ag ~ le oí 20.*

cuachín b. Cailín beag ríméadach dea-ghléasta leitheadach 20.

cuafais. Cuaifeach sto.rme. ~ dá dtainig babhta chrionna sí arís muia' nuair a d'airridh muid a' torann 27.1514.

cuailín f. Carnáinín. *Bhí an teach ina chuailín cnámh 20, bhí sé tite as a chéile. Tá an tobán ina chuailín cnámh 20.*

cuaille f. 1. Bean mhór leisciúil. ~ cisteanaí 20. ~ leisciúil 20. 2. Duine nó ainmhí mór. ~ mná 19. *Cuailí cut 19. 3. Bean chabach. Sí an cuaille mrd is mó sa bparáiste inniu 24. Tá mille baile air chuaille mrd, agus díol paráiste a mbeirt acu 24.*

cuairsce b. Fear mór gránna stuacach gruama 20. (Cuairsce 20 freisin).

cuairt b. 1. *Tá mé curtha faoi g~ aige 19, tá mé cur-*

tha amú aige ar an rud a bhí uaim a dhéanamh. *M'anam gur cuireadh faoi g~ mé* 19, . . . gur tharla rud éigin a chuir as mo chúrsa oibre mé. 2. *Leath na gcuarta, ní théann sé amach* 20, leath an ama . . . 3. ~ *an dá chaorán déag* 20, cuairt bhothántaíochta. 4. *Casadh faoi g~* 19, 'convolvulus'.

cuanach aid. Bórach, lúbtha. *Páistí mbíonn ~ orú tóigeann sé tamal fada orú roimh shíuillann siad* 24. *Sin iad na rataí is cuanaí hainic as Gaille aríomh* 24.

cuana. Laoch. *Mo chuan é! Fear a bhéaradh a' chraobh leis a rithe rása, a' cathadh léim fhada. . . 'mo chuan thú!' a déaraí. Fear a bhaineadh ceart amach a déanadh gar agus leas 'mo chuan go deó é!' a deirtí* 24. 'Mo chuan thú' a deirim 27.452. *San am a mbíodh na leads a gnúthan sna rásaí báid, 'goirim go deó agus mo chuan ansin sibh!' a deirtí. Is cuma cén moladh . . . a bheadh a' goil go bhean. Níor airridh mé aríomh 'mo chuan thú' á rá lei* 24.

cuanchosach aid. Bórach. *Bíonn cuide go na páistí ~24.*

cuartach aid. Tugtha do dhul ar cuairt. *Dá mba bean chuartaigh í . . .* 32.

cuartaí f. Duine a théann ó theach go teach ar a chuairt. ~ *na mbothán* 20, 19, duine a bheadh ag dul ar cuairt go minic. *Sfh. Cuairt airneáin go Féil Páraic agus ~ maith go Bealtaine* 20.

cuartaíl. a. br. Cuartaíocht. *Ag ~* 20.

cuasánach aid. *Fata ~* 19, práta a bhfuil cuasán ann.

cuasnán f. Prata a bhfuil poll ina lár 20.

eúbachán f. Bó chúbach 20.

cúbán f. Craiceann ruadhóite práta róstithe 19.

cúcaillín f. Cúbán (g.v.) 20.

cufarnach aid. Beo croíúil (le tine) 20.

cuibheas f. Réasún. *Ní raibh ciall ná ~ aige* 32. *Níl ciall ná ~ iontab* 19. *Níl ciall ná ~ leis* 19.

cuid b. 1. ~ *is lú, níos lú. Dhéanfadh ~ is lú ná sin thú* 20. ~ *is mó, níos mó. B'fhéidir go dtiocfadh ~ is mó aisti ná fuil* 20. *Bhí ~ is mó ná sin ann* 20.

Sfh. Is dona an searbhónta nach saothródh ~ is mó ná a thuarastal féin 20. 2. *Ní fiú ~ an dá chuid a dhéanamh de* 19, níl oiread ann is gur fiú é a roinnt. *Ná bac le bheith ag déanamh ~ an dá chuid de* 19. 3. ~ *de, ~ eile de, duine muinteartha le. Ar cuide go Chaolaigh na hAirde?* 19, an duine muinteartha le C. . . ? *Cuide go na Peaidíos é* 20.

Siad an chuid eile dhaoib fhéin iad 20. *Bu dhí an chuid eile go mhuintir Pháraic Ó Máille an T.D. as Conamara* í 27.294. *Bu dhí an chuid eile go mhuintir Chealaigh Bhaile Phoel* í 27.340. 4. *Ábhar. Bhfaca tú ní bích go chuid suantais sa mbaile mór?* 24 of. *Ba ~ suntais iad thar bheithigh ar bith* 20.

Bhí ~ agúis agam a dhul ann 20, bhí amhras orm ar cheart dom . . . *Is beag an chuid aithris a bhí air* 20, is beag milleán a bhí le fáil air. 5. ~ *súl, rud is fiú a fheiceáil, rud breá. . . i ngeáil nach raibh ~ súl ar bith le feiceáil sa mbaile* 27.647. *Is mór a c[h]uid súl a' teach is an áit atá aige* 24. 6. *Dhá chuid. (a) Dhá dtrian. Cuir is gcás fear atá cúig déag is trí fichid, bhí dhá chuid caite nuair a scoth*

sén leathchéad 24. (b) *Formhór. Tá sé ag teacht trom go leor ar dhá chuid an domhain* 20. *Beidh bunáite dhá chuid nach dtóigfidh chor a' bith a' solas* 20. 7. ~ *mhaith (mar dhobh.) Rinne sé obair ~ mhaith* 20. *Bhain sé móin ~ mhaith* 20. *M'anam go bhfuil móin fhliuch le fáil, ~ mhaith* 20. 8. ~ *na honóra, oiread agus gur fiú é a roinnt. Níl ~ na honóra ann* 20. *Bhí siad ag roinnt ~ na honóra* 20, . . . a roinnt rud narbh fhúis, ar mhaith leis an onóir. 9. *Bia, beatha, sealbhas. Dá mbéarfadh an mada uirthi bheadh a ~ aici* 20, . . . mharófai í. *Tá a chuid caite* 32, tá a chosa nite. *Rinne sé a chuid fhéin* 20, bhí cuid aige di. *Tá ithe a chodach ann* 20, tá goile maith aige. *Mo chuid den tsaol thú!* 20, mo ghrá thú. *Mo chuid den Nollaig ort!* 20, tá ort rud éigin a thabhairt dom dom Nollaig (focal a deirtí le duine faoi Nollaig).

10. *An chuid óg* 20, na daoine óga. 11. *Cuide dhá. Deabhal a leithide ná cuide dhá leithide a chonaic mé ariamh* 20. *Deabhal a fhios agam ná cuide dhá bhfuil fhios* 20. *Ní fearr dhom ná cuide dhá fearr* 20. *Ní dhearna mé an oiread gáirí ariamh ná cuide dhá rinníos* 20.

cuideáin. Strainséartha. *Ní ainm an-chuideáin atá air sin* 20.

cuifeach b. 1. Duine gan cuíúlacht 20. 2. 'Puiteach', 'praiseach'. *Tá an pháirc chomh géarrtha aig na beithí go bhfuil sí na coifeach agus na císir [cis air] easair acu* 24. *Tá an chréafóg ina coifeach le bhfuil sé a caitheamh go bháisteach* 24 *coifeach. Bhíodh a' bothar na choifeach sa nGeimhridh* 27.1193. *An chuma agus a' stiúir atá aig na tincéirí air an áit . . . atá an áit ina choifeach acu. Níl tada a' baint le lathach sa bhfocal ansin, ach siad na sean-bhalcaisí éadaí agus chuile shórt sean rud eile . . .* 24 *coifeach. Rinne tú ~ den scéal* 20. *An lá a ndearna mé ~ dhó* 20, an lá ar leag mé le buille é.

cuiflín. Písín beag (?). (Sa leag, seo i seanscéal) . . . *rúinne nó sprúille, cuid ar leith, nó cuiflín* 20.

cúig b. *Is leatsa an chúig sin* 20, is leat an bua an babhta sin (in argóint). *Tá an chúig sin a'd* 20, id. *D'éirigh an chúig sin go maith leis* 20, d'éirigh an beart gnótha sin go maith leis. ~ *sliobair* 20, cúig a thógfaí le drámh nach ríchárta nó le mámh beag. *Tá sé ag tóigeáil na gcúigeannaí* 20, tá ag éirí go maith leis sa saol.

cúig déag. Cúig scilling déag. *Ó dheich scilleacha suas go dtí ~* 20. *Thug mé ~ air* 20.

cúige. *Dá siúlféid chúig chuíge ná hÉireann ní bhfuighféar níb aistí ná é* 19.

Cúigealach /ku:g'ələx f. Duine as Cúige Uladh 20. . . . *agus iad a' duna a mbróga air a' teallach dúirt a' ~ . . .* 24 *tlú. iol. Cúigealaí* 20.

cuigealach b. Sraoill mhíshlachtmhar gan déantas maitheasa, a bhfuil cúl a cainte léi 20. *Bean gan iomarca mhór slacht agus gan a' méid sin héin go dhíonta[s] mathasa a dtugtar ~ mra' eirí . . . Deoul ceó bhí inntí héin ach ~ go bhean* 24. . . . *nach bhfuil fhios ag fear a anró go bráth nó go mbeidh ~ mná buailte air* 24 *buaileann. ~ mhór gan aon tsuílceas* 32.

cuigearlach *b.* Cuigealach (*q.v.*) 19.

cuiglionn 1. Buaileann. *Thug sé a chuigilt dhó 20.*

Cuigleoidh mé fúm thú 20, buailfidh thú agus brúfaidh mé fúm thú. 2. Bhí sí á cuigilt aige 20, bhí dlúthchúirtéireacht ar siúl aige léi.

cuileach *f.* CUILITHE, croí planda. *Bhí na plandaí sin searca go dtí an coilceach 24. Tá siad [turnapai] ó mhaith na bliana má d'íth siad [na caoire] a' coilceach iontu 24.*

cuileáisean /ki'l'a:ʃən/ *f.* Bailiúchán. *Nach deabhlaí an ~ éadaigh tá a'd! 19. Bhí ~ mór ceannaithe sa siopa aige 19. An-chuileáisean airgid 19.*

cuileálann. Lochtaíonn. *Bheadh sé á chuileáil nuair a bheadh sé á cheannacht 20.*

cuileann *f.* ~ dearg, cuileann na gcaora dearga. *Air a' g ~ dearg is mó bhfonns tóir ag chuile dhuine 24.*

cúiléar *f.* CÍLÉIR, tobán 20. (*Cíléar* freisin 20).

cúileata *f.* Cuireata 20.

cúillhiacail *b.* *Bhí sé in ann é thabhairt aniar ón g ~ 20, bhí sé in ann an focal tráthúil a rá.*

cúilín *f.* 1. Sáil stoca, nó paiste ar chúl bróige. ~ a chuir ar an stoca 20, sáil nua a chur air. ~ a chur ar bhróig 20. 2. 'Sáil' cáca. ~ de cáca 20.

cúilteáil *a. br.* Cuilt paistí a dhéanamh. *Tá mé ag goil a' ~ anois 20. Fráma cuilteála 19.*

cúimhne /ki:n'ə/, /ki:mr'ə/, /kimr'ə/, /kimn'ə/, /ki:mn'ə/ *b.* Ní fhaca mise ariamh iad ó tháinig ~ dhom fhéin 20. Níl ann ach ~ seanlinbh 20. *Mo chuimhne is mo dhearmad! 20, is beag nár dhearmad mé [é seo a rá leat]. Mo chuimhne is mo dhearmad is mo charbad dóite! 19 id. Ar chuir tú ~ an tsaoil as do cheann faoi Nollaig? 20, ar ndeachaigh tú ar meisce? Faigh bean is bád is cuir ~ an tsaoil as do cheann 19, . . . agus cuir inni an tsaoil as do cheann.*

cúimhneach /ki:n'əx, etc./ *aid.* Ní ~ liomsa eirf 27.478. *Is maith is ~ liom ar an lá sin 20.*

cúimhneachtáil /ki:n'əx'da:l', etc./ *b.* Cúimhneamh 20.

cúimhneamh /ki:n'ə, etc./ *f.* Smaoineamh. *Ní raibh ~ ar bith go dtiocfadh an bhliain chomh dona 20, ní raibh smaoineamh . . . , súil ar bith. Gan lá cuimhne 24, gan aon tsúil leis. Tháinig sé gan aon chuimhneamh 20.*

cuimleachán : **cimleachán.**

cuimlionn : **cimlionn.**

cuimseartha : **cumsarach.**

cúia *b.* Ocras mór. *Is air atá an chuín 20. Bhí ~ ocras orthab 20.*

cúing *b.* Bannaí, ceangal. *Chuir m'athair ~ orm air chraiceann mo chluaise gan aon luach a ghlacadh air a' mbláthach 24 bláthach. Chuir a' máistir ~ air go raibh a chnaipe déanta muna woech sé féin an chéad chuid den bhainne 27.1426. Cuirfhi mé go chuing oru gan aon bhlas go do chuidsa eorna a ithe níos mó 24 gealbhan. Ffr. **cinc.***

cuingir *b.* Beirt ag imeacht le chéile. *Cá'il an chuingir ag goil? 20. Cén chuingir iad sin soir? 20. San áit a bhfuil sean-chuingir 20, . . . seanlánúin.*

cuinglionn. Coiglionn 19, 20.

cúinne *f.* Cloch choirnéil 19.

cúinneálann. Cornann. *Ag cúinneáil na téide 19.*

cuinneog *b.* 1. Bainne cuinneoige 19, bainne géar. 2. *Fuair mé sgóla na cuinneoige 24 fairsing, . . . léasadh. 3. Beart áirithe sa gcluiche steacs nó clocha péire. Tás agum gur 'cuinneoga' a bhí air a gceann deire 27.190.*

cuinneoigin *b.* 1. Beaimín bheag ghiortach 20. 2. *Ag déanamh ~ 20, ag imirt cleas áirithe gasúr ina gcuirtear na doirn as cionn a chéile.*

cuipinéar *f.* Cúipinéir. *Níl caint ar bith anois a ghoil chuig ~ dá mbristí cois nó láimh duine 27.1470. Nuair a fua sé ag a' gcoipinéar len a láimh 24 gualainn. Sén ~ a rinne agus a chuir suas a' chlí 24 cí. Fua sé aig a' gcoipinéar a' deasu cráimh a lorga 24 deasatonn.*

cuiptéar. Abhar áirithe ~ é ina chipíní ~ a cheannaíttí leis an dath dearg a bheiff a chur ar éadach a dhorchú 19. *Ffr. cuitéar.*

cuir *b.* 1. Coir. *Déanfaidh mé ~ mo chrochta leat! 19, maróidh mé thú! 2. ~ mhainistreach, coir in aghaidh mainistreach, saicriléid. Dá ndonta[í] mionmhaílís air fhear nár bhfuí mórán, is é a' d'óna gleo mór dhó, 'shiléad' déarach duine 'gur coir mhainistreach a d'ionú air' 24. Bu mheasa a d'fhéachach sé 'na súile ná ~ mhainistreach cárr a tharraingt air na hiomaireacha sin 24 stráicíl.*

cuirín : **coiricín.**

cuireadh *f.* Tá ~ ort soir go Doire Iorrais 19, tá glaoch ola ort . . .

cuireann. 1. *Ag cur an artha 20, ag rá na bhfocal agus ag déanamh pé rud a bhain leis an ortha. Ag cur na hola 19, ag cur na hola beannaithe ar dhuine. 2. Déanann. Tá tú in ann gríomh a chur, tá mé ag ceapadh 20, . . . gríomh a dhéanamh ar chruach mhóna. 3. Fásann. Ag cur na bhfiacra 20, 24 fiacail, ag fás na bhfiacra. Cuirfidh sí fiacra 20. Chuir sé sin na giaráin faoi dhó 20, tá sé an-ghlic. 4. Cuireann mar gheall. Chuirfeadh sé a chloigeann 20. 5. Curtha caillte. Tá cuimhne mhaith ghlan fós agam air dhaoine atá curtha cáille . . . le dhá bhliain déag is trí fichid 27.224. 6. ~ amach. (a) Cuireann de. . . ach go gcuiread amach le siú go minic é 27.545. . . . go gcuirfeá díot é ach siú tobac a thabhairt dó. (b) Buaileann, tagann taobh istigh de dhuine i dtaobh rud a fháil. Tá mé curtha amach agat 19, tá buaite agat orm. Chuir mé amach é 20, d'éirigh liom a chailín a bhaint de. (c) An gasúr nach gcuirfeadh amach an bhruitineach 20, . . . nach dtiocfadh an bhr. amach ina grís air. (d) Bhí cur amach na tuí ann 20, bhí achramn mór ann. (e) Air chuir tú mórán leapachaí amach leis a' gcár feamainí? 24 leaba, ara chluídaigh tú le leasú . . . 7. ~ anuas. Bhí Loch a' tSáile ag cur anuas 19, . . . ag cur thar maóil agus ag sní anuas. 8. ~ ar. (a) Cuireadh príosún air 20, daoradh chun an phríosúin é. (b) É a chuir ar caitheamh 20, tosú á [éadach] chaitheamh. (c) Tá siad á chur anonn ormsa gur Cúlánanach é 19, tá siad ag iarraidh a chur ina luí ormsa . . . (d) Cuir ainm ar an lá agus fanfaidh mé istigh 20, socraigh lá coinne . . . (e) An lao a chur ar an saol 19, an lao a bhreith. (f) Is*

ormsa a chuirfeadh é 20, is ormsa a chuirfeadh an milleán. (g) *Chuirfeadh sé oiread air* 20, chuirfeadh sé oiread áibhéile leis an scéal. ~ *sé dhá oiread ar chuille scéal* 20. 9. ~ *as*. (a) *Chuirfinn a bhfaca mé ariamh as* 20, chuirfinn . . . de gheall air. *Chuirfinn a bhfuil istigh is amuigh agam as* 20. *Bhí mé ag cur as a láimh* 20, . . . ag cur geall ar an gcaitheamh suas (pingin) a bhí ar siúl aige. (b) . . . *a' cuir an oiread seo as a phóca in ngedill air* . . . 24 *amadán*, ag cailleadh oiread sin . . . 10. ~ *as do*, cuireann amú ar. *Shíl sé lá oibre a chur as dhuit* 20. *Dúirt sé nár tháinig sé le tada a chur as dó* 20. 11. ~ *chuig*. *Chaon duine acub ag cuir ag a chuid cuisliméarfa fhéin* 20, . . . ag leagan earraí chuig . . . 12. ~ *chun*. (a) *Catha tú cupla banabh a cheannacht leis a' mbláthach a chur an [chun] caite* 24 *bláthach*, . . . leis an mbláthach a ídiú. . . . *an méidin go bheatha an tsaol atá mé a chuir an caite* 24 *coinnón*, . . . a íthe. (b) *Cuir do chionán 'un cinn* 20, imir do chionán. 13. ~ *de*. (a) *Tá aibhneachaí na tíre a' cur dhaofa go bhárr an siorbháisteach* 24 *abhainn*, . . . ag cur thar maol. (b) *Cuir dhó é!* 20, mých é [gléas raidió, solas]. (c) *Ba é an flú chuir go'n tsaol é* 19, . . . a mharaigh é. *Chuirfidís capall gon tsaol* 20. (d) *Caithfidh tú cur dhaot anois* 20, caithfidh tú an t-achran a sheasamh, tú féin a chosaint, anois. (e) *Tá an trá ag cur dhi anocht* 20, . . . ag déanamh torainn. (f) *Tá sé in am aig a' mac atá sa teach cur dhó* 27.561, . . . pósadh. 14. ~ *faoi*. (a) *Chuir a' dreacháir a bhí sa teach faoi pósadh agus sé nach rabh bhfad a' smaointiu air* 24 *dreacháir*, . . . shocraigh sé dó féin pósadh. (b) *Cuirfidh muid é sin fúthab* 20, cuirfidh . . . leo mar anlann. (c) *Bhí sé a' cuir móin isteach sa mbád nó gur chuir sé faoi í* 24, . . . gur bháigh sé í. (d) *Áit ar bith a gcuireadh sé an oí faoi bheadh sé sásta* 24, . . . a gcaitheadh sé an oíche . . . *Bhí an sagart réis an ola a chuir air agus ní raibh aon mhuinín mhór as go gcuireadh sé an oí faoi* 27.179. (e) *Scoitheann. Chuir sé an t-oileán faoi* 19. *Chuirfeá tigh Dowd fút* 19. (f) *Ní chuirfeá faoi na gcosúlacht go mbeadh a dtéarma comh gearr* 27.326, ní cheapfa óna gcosúlacht. *Ffr. cos* 11. (g) *Bhíodh oru in go léor go na h-áiteacha sin leathscór míle a chuir faon a gcosa* 24 *glantóireacht*. . . . a shiúl. (h) *Ceithre ró a theigheadh in chuile iomaire fadó, nó 'leaba' mar tugtaí freisin eirí. 'Dhá gcuir faoi' a thugadh siad air a' saigheas sin cur* 27.1450. *Nuair a bhíodh iomaire dhá dhíona i n-ithir 'dhá gcuir faoi' a déaraí an uair sin* 24 *saothraíonn*. 15. ~ *go*. *Chuirfeadh a bhean Béarla go Meireacá* 20, tá neart Béarla ag a bhean. *Chuirfeá moin go Gaillimh* 20, tá neart móin agat (oiread móna agus a chluúdódh an bealach go Gaillimh). *Chuirfeadh sé moin go haer* 20, *id*. 16. ~ *i*. (a) *Níl a fhios agam anois cé chuirfinn ina chosúlacht* 20, . . . cé leis a raibh sé cosúil, dar liom. *Chuirfeá i gcosúlacht fiataíle é* 20. (b) *An bhfeiceann tú an fhairsinge a chuir sé [Dia] sna bolmáin!* 20. (c) *Gan aon stoca a chur iontab [i mbrógha]* 20, gan stoca a chaitheamh leo. (d) *Chuir sé beart ina shuí* 20, . . . ar bun. *Ag cur*

pleanannaí ina suí 20. (e) *Dheamhan dochar a chuir mé ann ach é árdú liom* 27.915, níor mheas mé go mba dochar é. (f) *Ní ra cainnt a bich air í mharú ach í chuir sa bpín is fuide* 24 *muc*, . . . í a choinneáil is a dhíol ar an airgead ab airde. (g) *Chuirfeá caitheamh ann* 20, bhainfeá leas as. (h) ~ *ann do*, déanann leas do. *Ní le saint san obair é ná ag iarra a' chuir ann g'fhear a' gharraí ach ar fhaitíos go mbeach sé lé rá gur bhfeárr a' fear thusa ná mise* 24 *saothraíonn*. *B'fhéidir nach gcuirfidh sé tada ann dúinn, ach ní chuirfidh sé tada as dúinn* 32. 17. ~ *isteach*. *Cuir mámh isteach leis* 20, imir mámh (leis = roimh an duine a bhfuil an imirt ag titim air). *Nuair a chuirfeá cárta isteach faoin té a mbeadh an imirt ag seasamh air* 20, nuair a d'imreofaí carta roimh an duine deiridh a bheadh le himirt. 18. ~ *le*. (a) *Cé leis a gcuirfeá?* 20, cé leis a déarfá a raibh sé cosúil? (b) *'Caide go mbeidh an lá ar chuir mé dáta leis?'* (c) *'Caide go mbeidh an lá ar chuir mé dáta leis?'* (d) *'Caide go mbeidh an lá ar chuir mé dáta leis?'* . . . ar luaigh mé an dáta ina thaobh 24. 19. ~ *ó*. (a) *Bhí an capall ag cur uaithe* 20, bhí ag cur sramadais amach le heachmairt. (b) *Chuir sin an oíche ó shásamh orm* 20, stop sin mé ó shásamh a bhaint as an oíche. 20. (a) ~ *siar i*. *Chuir sé siar a mo bhéal nach ra sí a' goil dom* 24 *coinníonn*, d'áitigh sé orm, sháraigh sé orm . . . *Chuir sé siar i mo bhéal gur íoc sé hana airgead a' tairbh liom agus fios mhath 'gum nár íoc* 24. *Las sí suas le náire nuair a cuiriu an bhréag siar in a béul* 24 *lasann*. (b) *Chuir sé trian siar i bPáidín* 27.957, ghoill sé go mór air. (c) ~ *siar de*. *Chuir sé trian siar diom' a déaras duine 'nuair a chuala mé a bhás'* 24 *cuir*. . . . ghoill sé go mór orm. 21. ~ *síos*. *Má dhéanann tú aríst é, cuirfidh mé do lámh síos* 20, . . . cuirfidh mé iallach ort do lámh a chaitheamh síos. 22. ~ *síos le*. *Ní raibh aon chur síos leis* 20, ba é ab fhéarr ar fad. *Ní raibh cur síos lena chuid scoile* 19, bhí a chuid scoile thar barr. *Ní raibh cur síos leis ina sheanchaí* 19. 23. ~ *(rud) síos ar*. *Air a' mac is sinne, John, a chuir sé síos é* 24, chláraigh sé ina ainm é - 'shíneáil sé anonn chuige é'. 24. ~ *suas*. (a) *Níor chuir sé aon ordú suas* 20, níor tháinig aon chruth mhaith air [beithíoch]. (b) *Chuir sé smaile mhór tobac suas* 20, chuir sé . . . ina bhéal. *Chuir mé péire tosaí suas dhó* 20, chuir mé . . . ar a bhróga dó. (c) *Múscailt. Chuir siad faitíos suas gan bhréig* 24 *riarann*. *Dá gcuirfeadh duine eicint ceist suas* 20. (d) *Chuir sé suas siopa* 20, bhunaigh sé siopa. (e) *Chuireadar suas le chéile é* 20, bheartaíodar . . . *Deabhal blas a bhí ann ach curta suas* 20, . . . ach bréaga a cumadh. (f) *Ná bí ag cur suas leis, ní beag dhó a dhonacht* 20, ná bí á spreagadh . . . (g) *A' cur suas a' lá a' chéad rud eile. Ní dúirí am air bith 'cuir a' feac sa lá'* 27.1450. 25. ~ *thar*. (a) *Chuir sé cárdán litreacha a bhí na mhála hairis ó cheann go ceann* 24 . . . chuaigh sé triothu . . . (b) *Bhí sé a' cuir har a chluasa an rud a dúirt mé leis a dhíona* 24 . . . ag tabhairt cluas bhodhar don rud. (c) *Chuir sé thairis é* 20, chuir sé de é [slaghdán]. (d) *Chuir tú do shúile thar do chuid* 19, bhí tú ag iarraidh níos mó ná do chuid féin. (e) *Ná*

cuir an cliabh thar maoil 19, ná cuir an oiread sa gcliabh is go mbeidh cuid de ag titim amach as. 26. ~ thart, casann (leathanaigh) 20.

cuireata : **cuileata**.

cuirín : **coran**.

cúis b. 1. *Bhí sé ag cinnt uirthé aon chúis a dhéanamh 19*, bhí ag teip uirthi dul chun cinn leis an ngnó. . . . *ag ceapadh go ndéanfaidís an-chúis leób 20*, . . . obair mhaith leo. *Níl mórán ~ sa tíne 20*, . . . mórán maithe. *Ní dhíonfaidh sé aon chúis 20*, ní mhairfidh sé. 2. *Ag cuireadh ort bheadh sé i ndeireadh na cúise 20*, . . . faoi dheireadh. *Ar an gcéad chúis dhó 20*, ar an gcéad dul síos. *Ar chúis ar bith 20*, ar chaoi ar bith. *Héib [cibé ar bith] ~ é, chuaigh mé go Gaillimh 20*, cibé scéal é. . . 3. *Fuair sé an chúis dá plé gon dabht 24 codlaíonn*, fuair sé léasadh maith. *Is iomaí uair a fuair garda 'n bháile 'an chúis dá plé' nuair a bhí sé a' cuir turchánna bocht as a sheibh 24 báile*, . . . ar cuireadh achrann orthu, ar buaileadh iad.

cúisiúil *aid*. Náireach 20.

cuisle 1. *D'fheilfeadh na cuislí a ligean aige 20*, . . . greadadh buailte a thabhairt dó. *Ní raibh ~ ag gabháil liom nár shiúil sé [poitín maith] 20*. 2. (Le neart) *Bhí sé in ann, bhí an chuisle aige 20*. 3. (a) (Le féile) *A' guimhe go mbriseach ~ eicint iontu*, is go gcuireadh siad fios anónn oru 24 aoileach, . . . go mbuaiffeadh taom carthanachta iad. *Cathfa sé gur ~ a bhris ann 27.223*. (b) (Le háthas) *Fós héin nuair a smaoinn air an oi sin, chuile lá a bheirthe, briseann ~ gon ghiondar thriom 20 leambh*. 4. *Síog. ~ bhreá thalúna í 24*.

cuisleach *aid*. Láidir. *Tá sé an-chuisleach 20*. *Sean-duine bheadh ~ éasca 20*.

cuisliméara f. Custaiméir 20.

cuisliméarach b. Custaiméireacht 20.

cuisneach *aid*. Cuisleach, láidir. *Fear ~ é fós 20*.

cuisneáil b. Bualadh. ~ bhreá bhuailte 19. *Thug sé ~ mhaith dhó 19*. *'Ansiúd bhí an chúisneáil, tráth ndeachadar ar thúirneáil/bhí stata seoil ag fíadheáil ann' 20* (línte amhráin).

cuitbéar /kitb'e:r/. Ábhar áirithe - cipíní beaga a cheannaítt sa siopa leis an dath dearg a dhorchu 19. *Ffr. cuitpéar*.

cuitléara. Duine droch-chainteach 19.

cuitpeirc /,kitə'p'erk/. Guttapercha. 1. *Bonn ~ 19*. 2. *Ól é, ní ~ é 19*, . . . ní deoch ghrána é.

cúl 1. *Is maith an ~ talamhna é sin 24*, is maith an giodán, an garraí. . . *Sin ~ breá arúir 24*. ~ *fataí 20*. *I gceann thiar an chúil 20*. 2. *Tá ~ ort, bail ó Dhia ort 20*, tá folt breá gruaige ort. *Raca cúl 20*, raca a chuirf i gcúl gruaige. ~ *an dá ribe agus é fite le sneá 19* (le cúl scáinte salach gruaige). 3. ~ *a chur ar stoca 20*, sáil nua a chnitéáil ar stoca caite. 4. (a) *Bhí daoine le ~ a chéile ann 20*, bhí an áit brúite le daoine. (b) *'Factories' á ndéanamh suas as ~ a chéile 19*, . . . le hais a chéile. (c) *Tá an oiread airigid air chúl a chéile ag daoine agus nach bhfeice siad a lea caítt go deó 24 oiread*, . . . agus beidh airgead air chúl a chéile agaibh 24 saothraíonn. 5. *Hug chaon nduine acú ~ a gcinn dá chéile sách*

riméadach 24 ubh, d'imigh siad ó chéile. *Níor thug sé ~ a chinn d'aon fhear ariamh 20*, níor loic sé roimh aon fhear riamh. *Thit sé i dtaobh chúl a chinn 20*, . . . ar chúl a chinn. *Tá an ghealach caite ar chúl a cinn 20*, . . . béal na ceathrún in uachtar. *Tá sé in ann snámh ar chúl a chinn 20*, . . . ar a dhroim. 6. *Ná bí ag dul ar chúl na copóige leis, abair amach é 20*, ná bí á rá i gcogar, nó faoi cheilt . . . *Ní ar chúl an chlaidhe a ghabhsas mé dhá rá 20*, déarfaidh mé amach os ard é os comhair daoine. 7. *Liachta fear agus bean as a' mbaile a bhfuil a g~ air a' bhfód i nGort a' Chroisín . . . atá curtha 27.738*. *Is mór acu nar airridh é, bhí a g~ air a' bhfód 27.1479*. *Nach h-iomaí lá fada Soura bheidheas do chúl ar a' bhfód 24 Samhraidh*. *Is fad ón a chéile na liachtaí áit a bhfuil a ~ air a' bhfód 27.484*. 8. *Cuireadh i ndiaidh mo chúil mé 19*, baineadh siar asam, baineadh stad asam. *Cuireadh i ndiaidh a chúil é 20*, tugadh anuas sa saol é. 9. *An buidéal a fuair sé go deire ón dochtúir tá sé a' cuir na ngoiríní an oe a gcúil go mór 24 goirín*, . . . na ngoiríní ar gcúl. 10. (a) *Thugadar ~ ghoice do dhuine eicint 19*, . . . breab. (b) *Thabharfá dhó é as ~ do ghloice 19*, as do glac gan fhios don chomhluadar. *D'íosaí as ~ do ghloice é 19*, . . . as do lámh. *Bhí mo ghoile i g~ mo ghloice agam 20*, bhí an-ocras orm. (b) *Ag obair le láí ar chúl a láimhe 20*, . . . in aghaidh a dheise. 12. *Tá an lá ag goil ar g~ 32*, tá an lá ag giorrú. 13. *Tá ~ a theanga leis 19*, níl smacht aige ar a theanga, agus tá sé tugtha don chúlchaint. *Daoine a bhfuil ~ a gcainte leob 20*. 14. *Ná raibh an t-ádh ort, a chúl fuí! 20*. *Scread mhaidne uaidh do chúl fuí! 20*. *Scéal cam ar do chúl fuí! 20* (eascaíne). *Tiúrfaidh mise dhuit ar an g~ fuí é 20*, buailfidh mé thú. 15. *Níor fhan ~ dá mhéis acub 20*, níor fhan dada acu.

cúlaíonn. Éiríonn níos gainne, cuireann ar gcúl. *Bhfaca tú aon cheó aríomh tá a' cúlú as a' bpáirc ach na feóchanáin? 24*. *Bhfuil tú a féachtáil sórt leigheas a' bích a fháil leis a' ngrís tá air t-éadan a chúlú? 24 grís*.

cúlaith b. ~ *hata 20*, culaith mná a gcaití hata léi, 'costume'. ~ *an airm 20*, culaith saighdiúra. *Cuir ort do chulaith chinn 20*, . . . do cheannbheart. ~ *sheoil 20*, éadach seoil. *Doir ~ an chapail! 31* (agall dearbhaithe).

cúlhboc f. Buille a bhuailtar leis an lámh treasna ar aghaidh na colainne 20.

cúl náireach *aid*. An-chuthail. *Duine ~ é nach bhfuil aon dul ar aghaidh ann 24 náireach*.

cúlóg b. Sáil cniteáilte stoca 19.

cúlta *aid*. bhr. Imithe ar gcúl. *Bhí an ghealach ~ 20*. *Bhí an taoille ~ 20*.

cultar f. 1. *Duine drochghléasta*. *Nach é an ~ é! 20*. *A chultair! 20*. 2. Éadach liobarnach, éadach a bheadh rómhór ar dhuine. *Caith dhíot an ~ sin 20*. *Tá sé ina chultar ~ ort 20*. *Seanchultar de*

threabh sar 20. Tá an oiread cultrachai uirthi 20. 3. Do chultar sróine 20, do shrón mhór.

cuma¹ b. 1. *Sin cloch nach bhfuil aon chuma shocráithe uirthi 20, . . . nach bhfuil socráithe mar is ceart. Níl aon chuma dhúinte air 20, níl sé dúinte ceart. 2. Níl ~ mhúice ná mhada air 20, níl slacht ar bith air [duine nó obair]. Bhí ~ na múice air 20, bhí drochdhéanamh air. 3. Giolla gan chuma 20, duine gan slacht, nó gan slacht ar a chuid oibre. Tá sé ina ghiolla gan chuma agat 20, tá sé ina phraiseach agat. 4. Ba chóir dhó ~ eicint a chur air fhéin 20, ba chóir dó pósadh.*

cuma² 1. *Is ~ liom eatrab 20, is cuma liom cé acu (a thabharfas tú dom, a dhéanfas mé, etc.). Is ~ liom faoi nó as a chionn 19. Is ~ sa tubaiste, . . . sa deabhal, . . . sa mí-ádh 20. 2. Ar nós ~ liom tá tú ag déanamh chuile shórt 20, gan aon spéis á cur sa gcúrsa . . . 3. Nós ~ liom leat a fua mise agus Jim mac Tom . . . go hÓrán a' lá sin 27.792. Níl sibh dhá dhíona ach i [ar] nós ~ liom leat 24 cumann, . . . gan aon spéis a chur ann.*

cumadóir f. Duine a chumann scéalta bréagacha. *Nach é an ~ bradach é 20.*

cumadóireacht b. Ag cumadh scéalta bréagacha 20.

cúmaíl b. ~ na binne 19, leacracha ar imeall binne tí.

cumann. Déanann bréaga. *Tá mé ag ceapadh gur ag cumadh atá tú 20. Tá sé cumta dhó 20, . . . ag cumadh ban air 19, ag cumadh dó go raibh mná ag iarraidh é a phósadh.*

cumasach aid. An-mhaith. *Is ~ an bheatha ag laontáil beaga é 20.*

cum hodar f. ~ a bhualadh ar dhuine, duine a mhealladh (le dul leat). *Nach deabháltaí an ~ a bhuaíl sí air 19. . . ~ a chur uirthi sin 19.*

cumhamhar /ku:wər/ aid. Cumhach 20.

cumháil /ku:u:l/ aid. Cumhach 19.

cumsarach aid. Cuimseartha 27.1469.

cúnach f. Caonach 31.

cúnach f. 1. *Is géarr a bhí an cúna a' glanadh an bhóthair san áit ar thit na crainn treasna air, 24 glanann, . . . an scata fear ag obair le chéile. . . go mbíodh sé [de] chúnach dhósan 20. Ba mhaith é faoina lá cúnta 20. 2. Tá ~ maith do theach ann 20, tá cuid mhaith d'ábhar tógála tí ann.*

cúing aid. *Capall a mbeadh siúl ~ aici 20, capall a mbeadh na cosa deiridh gar dá chéile agus ag bualadh a chéile. . . an capall is cúinge 'un deiridh 20.*

cúngú f. ~ an tráicht 20, an cúngú a dhéantar ar thráicht an stoca.

cúnsclaí, cúnsclaithe aid. 1. Cóineasach, áisiúil. *Tá sé [seomra] deas cúnsclaí 20. Teach te teolaí cúnsclaithe (sic) 19. Ba deas cúnsclaí an teach a bhí acu 20, é a bheith beag, foscúil, agus gan a bheith i bhfad ó bhóthar. An-chúnsclaí ag feamainn 20, an-chóngarach don fheamainn. Garraí cúnsclaí 20, foscúil so-shaothraithe. Tháinig sé amach deas cúnsclaí dhuit 20, . . . anfhreagrach duit. 2. Pointeáilte, comair. Bí cúnsclaí faoin scéal 32, bí gearr, cuibhiúil. Duine deas cúnsclaí 20, duine*

pointeáilte. *Rinne mé deas cúnsclaithe é 20, . . . go slachtmhar pointeáilte. 3. Folaíthe. Bhí sé chomh cúnsclaithe sin a'd 19, bhí sé [beartán] chomh néata agus chomh folaithe sin agat. Bíodh sé cúnsclaithe a'd 19, bíodh sé i bhfolach agat. Bí an-chúnsclaithe anois faoi sin ar fhaitíos go bhfeicfí é 19.*

cúnsailéir : cabhúsáilara.

cúntanas f. Suáilceas 19. (*Cuntanus* 20).

cuntas f. *Má thigimse suas leat socróidh mise cuntais leat 19, . . . beidh mé cúiteach leat, buailfidh mé thú.*

cuntar f. *Ar an gcéad chuntar dhó, ní raibh an lá go maith le ghoil treasna 20, ar an gcéad dul síos . . . Chuaiigh mé ann ar mo chuntar fhéin 20, . . . as mo stuaim féin, ar mo ghnó féin. Cén ~ a bhí a'd a ghoil ann? 20, cén gnó a bhí agat . . . ?*

cunús f. 1. ~ admhaid 20 adhmaid gan mhaith. *Tá ~ déanta a'd dhó 20, tá sé mille agat. 2. ~ de dhuine 32, duine suarach mímhúiníneach nach bhféadfaí brath air.*

cupán f. 1. *Bhí mé idir an ~ agus an balla 20, bhí mé in áit mhaith (i dteach bainise, etc.). 2. Chaithfeadh sé na cupáin dhuit 19, d'inseodh sé céard a bhí in ann duit, ón gcupán a mbeadh tae ólta agat as. Caith na cupáin dhom 19. 3. An babhta seo a ndeacha sé isteach i g~ mo lámhe, bhí na méara ann-dhúth le chéile agam, agus dhúin mé mo dhourna air go léim 27.1233, . . . i gcúl mo ghlaice.*

curadóir f. Fear curáí 20.

curadóireacht b. Curachóireacht 20.

cúram f. 1. . . . nuair a thiocthadh a chéad chúram 27.90, . . . an chéad leanbh. *Ar a g~ deire a fuair sí bás 27.7, ag breith an leinbh dheiridh . . . 2. An iomarca cúirim air 20, é ag déanamh cúraim de ghnóthaí nár bhain leis.*

cúramach aid. Ag déanamh cúraim de chúrsaí nach mbaineann leat 20.

cúrsa f. 1. *Is minic le rógaire go mhada ~ beatha na gcearc iche 24 cearc, . . . béile na gcearc . . . 2. Ag déanamh a chúrsaí 20, ag déanamh a mhúin. 3. Tá an-chúrsa ag an bhfear 19, tá an tsláinte go maith ag an bhfear. 4. Imithe as a chúrsa 19, imithe as a mheabhair. 5. An ~ beag 19, an chéad chúrsa sa seol. 6. Tá sé as cionn a chúrsa 19, tá a dhóthain airgid aige, tá 'bealach' maith aige.*

cúslaithe : cúnsclaí.

cúshnáithe b. *Chuir sé ~ leis 31, phointeáil sé imill na páirce á réiteach lena baint.*

custaiméir, -each : cuisliméara, -acht.

cut f. *Cat. Ní aithneodh sé ~ thar chóiste 20, ní rabh fhios aige ~ har chóiste 24 dall, duine aineolach é. Is ~ brabach a gheouch brabach air 24 fairsinge, is duine sprionlaithe é. Ceard atá aguinne ach a' méid sin go chábán nach bhfuil rince dhá chut ann 24 eascann, . . . ach cábáin beag bídeach. Ní ra rince dhá chut go gharraí beag acu 24 pósann. Bhí an Rininn ar fad faoi ach mulacháin amháin nach raibh rinne dhá chut ann a d'fhan leis 27.1008. Chuireadh sé na cuit a' rinne an tsliis a bhí sé chuir air d'innseacht blianta na dhaidh 24*

leiceann. *Ná bí i do chut sáite sa tine mar sin* 20. *A chuit dhóite teann suas as sin* 19 (le gasúr bhí ina súi cóngarach don tine). *Níl cionóg agam a bhuaifinn ar shúil cuit* 20, níl airgead ar bith agam. *Aois chut Mheátusaileam* 19, aois an-mhór. *An bhfuair tú ~ ar bith* 20, an bhfuair tú caifín ar bith chun cúirtéireachta. *D'fhan an tarbh chomh socair le ~* 27.664. *Bhí lá speireadh na g~ ann* 20, bhí troid mhór ann. *Tá an ~ crochta romhat sa teach sin* 20, níl aon fháilte romhat ann. *Tá sé chomh slóctha le ~ siopa* 20, tá sé [duine] glanta slóctha. *~ blíte* 20, duine plámásach. *~ ard é* 20, boc mór leitheadach é. *Tá súile cuit aige* 20, súile géara. *Ní thóigfeadh sé an ~ a n-íofadh sé* 20, ní íofadh sé ach an beagán. *Chuireach sí [drochthine] fuacht air na cuit* 24 neartaíonn.

cuthach f. 1. Racht. . . . a' breanú air a' nglóire tá

a gcúl fataí i ndeire an tSoura, tá a gcúthach fáis, glan ó bhualta agus faona bhláth bán 24 glóire, . . . i mborradh mór fáis . . . Bhí blígh bóin . . . i gcúthach fáis a' fáis ann 27.244. *An-chuthach cainte* 19, an-racht cainte. *~ oilc* 19. 2. *Ag goil le buile cuthaigh* 19, . . . le buile feirge.

cúthailéacht b. . . . ach go bí an iníon a chaileanns a cúileacht an dealg is measa a gcroí máthair 24 dealg, . . . a náire.

cúthailéadas f. Cúthailéacht 20.

cutharlán f. 1. 'Pig nut' 20. *~ milis* 20, id. 2. Práta beag dona 19, 20. *Ní raibh ann ach cutharlán* 20.

cútraimints /ku:trim'ints/. 1. Bagáistí. *Tá an oiread ~ ann* 20. 2. *Seachain a bpiocfadh na préacháin do chuid ~* 20 (focal a deirtí le buachaillín leathnocht).

D

dab. f. 1. Burla. *Tá an ~ san ascaill aige* 20, tá neart airgid aige. 2. Duine mór, beithíoch mór. *Is deabhaltat an ~ de bhean í* 20. *~ de chapall* 20.

dabhach b. 1. Poll aoiligh. *Douch mór íl* 24. *Íleach na ndouchannaí* 24. 2. Barr daibhche, triosc. *Chuil am a dieoach sé aig a' stíl a' coinne triusc nó bárr-dóifí* 27.817.

dabhdóg b. Buille doirn 20. (*Dúdóg freisin* 24, 20).

dachta. *~ mhille*, mioscais, fonn oilc. *Is úásach an ~ mhille bhí air* 20. *Le teann ~ mhille* 20.

dáí. Bréag. *Sin ~ hinsíodh dúit* 19. *~ í pé brí cé dúirt é sin* 19. *~ do scéal!* 19. *Séard a bhí ann ~* 19. *~!*, ní bhuaiféat sí go deo í 19.

daideo : **deaidéo.**

daideog b. Fód mór móna 20. *Ffr. dóideog.*

daidí : **gaidí.**

daigéad /dag'e:d/, /dig'e:d/ f. 1. Duine mór míshuáilceach. *Is uafásach an daigéad caillt í* 20. *Daigéad d'fhear* 20. *Duigéad de bhean* 19. *Is í an duigéad óinsí í* 19. 2. Cloch mhór, bád mór místuama. *Daigéad cloiche* 20. *Duigéad de chloch* 19. *Duigéad de bhád* 19.

daigh : **doigh.**

daighean. 1. Diabhal. *Th'anam ón ~!* 20. 2. (Mír dhiúltach). *~ scéal!* 20, níl scéal ar bith. *~ a fhios agam* 20. *~ é* 20. 3. *~ mé*, dearbhaim. *~ mé go bhfuil* 20, tá, go dearfa. *~ mé, nach bhfuil a fhios agam* 20.

dáil 1. *I n~* le (le *haid*, nó *aid*, *bhr*, nó *ain*.), beagnach. *I n~* le *ré*, *i n~* le *briste* 20. *I n~* le *trí scór* 20. 2. *I n~* leis, beagnach. *Tá sé caitte, i n~* leis 20.

dailleog b. Gailleog, slog 20.

dailín f. *~ fuail*, braon breise deiridh fuail 20.

dáimh b. *Tá ~ gaoil eatrab* 19, tá gaol i bhfad amach eatarthu.

daimhséar /damʃe:r/ 19, 20, /davʃe:r/ 20, dainséar.

daimhséarach /damʃe:rəx/ 19, 20, /davʃe:rəx/ 20, dainséarach.

daimhseoir /damʃo:r/ /davʃo:r/ 20, /danʃo:r/ 32.

daimhsíonn /davʃi:n/. Damhsaíonn 20.

dáineacht b. Stuaicántacht, ceanndáine. *Mar a deir a' bhean fadó 'bu dáine mé ná an ~ ach bu dáine an té bhí a' nádán dhom'* 24.

daingean /daŋ'ən/ 19, 20; /dain/ 24. 1. *Cho doen le bun daraí i dtála* 24. *Chomh ~ le ginn* 20. *Tá mise annseo' deir a' Dálach 'cho doen le dair'* 24 míol. 2. *Tá sé ag cur go ~* 20, tá sé ag báisteach go tréan.

daingil /daŋ'íl/. Pingin ar bith. *Shíl sé nach raibh ~ aige* 20.

daingneacht /dain'əxt/ b. Daingne, buanseasmhacht. *As ucht a dhúlseacht agus a dhoeineacht ní rugas aríomh air an té a ghoid na gunnaí 24 maitheann.*

daingniú /dain'nú/. A' doeniú air a mhaidí a bhí an fear eile 24 géar, ag éirí níos righne, níos déine (san argóint) . . . A' doeniú air a mhaidí a bhí an sargeant 27.707. . . . ach n'áit muide a chlaomadh séard a rinne an cháin muid a spreagadh agus doeniú air a maidí 27.68.

dainséar, -ach : **daimhséar, -ach.**

dáinte iol. Go leor leor. *Tá ~ airgid aige* 20. *Is fearr an tsláinte mhór ná na ~ bó* 20. *Is fearr suimreas ar sop ná na ~ ar cnoc* 20.

dair¹. *~ a dhéanamh de rud*, leanacht de bheith ag caint air, nó á dhéanamh, leanacht den chleachtadh. *Rinne sé ~ gon sgéal fud a' bhaile* 24. *Rinne sí ~ dó go raibh sí anáil a bhe shíos aig a teach* 27.568. *Rinne sé ~ a' fad dó le bliain anuas leis a' dúil tá aige ann* 24, lean sé de [den síorólachán]. *Nuair a fuair na daoine amach é rinne siad ~ dó agus chua sé go cluasa an tsagairt paráiste* 27.1428. *Tá sé ina dhair anois aige go chuire dhuine* 24, tá sé ina ábhar síorchainte anois aige . . .

dair² b. *Daightheacha daraí*, daightheacha (fiacal) an-phianmhara. . . . go mbearr leo doigheacha darraí a fhulaingt ná fiacaíl a tharraingt aríst 27.874. *Tá an t-uisce cho fuar síos in m'fhiacra* is

go gcuireach sé doitheachaí darraí ort 24 fuar.

dáir. 1. ~ m[h]aru 27.1472, dáir a chaillfeadh an bhó. 2. Chuir sé an ~ Mhuimhneach air féin lé'r ith sé 20, d'ith sé an iomarca.

dáiríre /ya: 'r'i: 'ə/, /a: 'r'i: 'ə/ aid. 1. Carr 'áiríre bhí aige 20, carr an-mhaith. ~ púe 20. 2. ain. Agus a' ~ a dhéanadh sé go chibe rud a mbeadh cuir síos air a bhíodh a baint a' gháirí amach 27.1113, . . . an chaoi a mbíodh sé dáiríre i dtaobh cibé rud . . .

daisín f. Caoil imleacáin beithigh. Cuireann daoine snuim air bhárr a' ~ air laonta go minic 24. Aman-taí curtar snuim air dhaisín an imleacáin a' stop' an fhuil 24 imleacán.

Dáithí. Sfh. Capall Dháithí, capall gan bhia gan phá 20.

dálach. 1. Níl Domhnach ná ~ ná lá saoire agam 20, níl lá ar bith saor agam. Tá sé ina dhúnach is na dhálach aige chuile lá sa mbliain 24, tá sé ina shaoire . . . 2. Níor mhór Máilleach nó ~ acub a bheith ag imeacht 32, níor mhór Máilleach nó duine éigin eile. (Níl i gceist ach nach luaitear sloinne).

dalaí vearans /dali: v'arəns/. Cóiriú áirithe gruaige (gearrtha ina frainse chun tosaigh agus i fada ar gach taobh). Bhí ~ ~ uirthi 20. (< 'Dolly Varden').

dalba(i) aid. 1. An-mhór. Tá aois dhalbaí aige 20. 2. Láidir daingean. Chomh dalba le bun daraí i dtalamh 19.

dall aid. Aineolach. Bhí muid chomh ~ le éanachai an aeir 27.86. Tá sé cho dall le cloch 24. Comh ~ le roc ar trá 19.

dall ain. 1. B'fhéidir go mbeadh a' ceann seo níos frusta ól. 'B'fhéidir go mbéaradh dall ar ghiorraí' a deir mise 27.681 - le rud do-dhéanta. 2. Tá sé ina dhall dúda le codladh 20, tá sé dallta . . . 3. Dall ar an mí-ádh 24 reilig, barr ar an mí-ádh.

dallach. ~ dubh ort! 19 - eascaine.

dalladh. 1. Iomarca, an tsáith ghránach. Bainiú an lá go math astú . . . Bhí a ndalla acú dhó 24. Má ghrú siad héin a rása, fuair siad a ndalla dhó 24. 2. Ag ~ báistí 19, ag greadadh báistí. 3. (Mar dhobh. treise) Tá sé ~ luath 20. ~ láidir 20. 4. ~ Oisín ort! 19. ~ Dé ort! 19 (eascaine).

dallán /dula:n/ f. 1. An tslis den phráta nach bhfuil súil inti. Dallán na bhfataí 20. 2. Poillín sa sine (ag láir nó bó). Tá an ~ briste 20, tá sí (an láir) tosaithe ag tál. . . le go mbrisfidh tú ~ an tsine 20 (sa mbó tar éis breithe).

dallraíonn : deárlaíonn.

damáisteach /duma:jd'əx/. 1. Anróiteach, an-deacair. Chuir sé ualach ~ air 20. Garrat ~ é sin le cur 20. 2. An-chostasach. Tá sé an ~ aige teach a dhéanamh 20. 3. 'Uafásach'. Scéal ~ 20, scéal an-bhrónach.

dámhair /da:wir'/. An-saint. Tá ~ airgid air 19. Tá ~ oibre ort 19.

damhsa f. ~ beag (mar a. br.), ag oibriú na gcós ar nós a mbeadh sé ag damhsa. D'fheiceá a' ~ beag san aer i [éan] lá breágh 27.1304. Feice tú a' ~ beag ansin é 27.1310.

damhsaíonn. ~ ar, satlaíonn ar. Bu mhian leofa dousa air a' gcuid eile gon bhaile 24 daorann. Ffr. daimhsíonn.

damhsóir : daimhseoir.

dán f. ~ a dhéanamh de rud, a bheith á shíor-rá. Rinne sé ~ dó 20. Ná déan ~ dó 20. Ba é sin an ~ a bhí aríst aige 20, . . . an port síoraí.

dán f. Slua mór. Bhí ~ acub ann 20. (uathu nua as dáinte q.v.).

dán : nán.

dána. 1. Do-cheansaithe. Cho ~ le muic 24, . . . le rotha [reithe] sléibhe 19. Is deacair muic atá an- ~ a chuir air an aonach 24. 2. Daingean agus star-rógach. Cloch bhreá dhána í 19. D'fhéadfa seasamh ar an gcloch a bheadh ~ 19.

dánacht b. Teanntás. De réir mar chuir muid ~ air 19. . . gur mó an ~ a bhí agamsa ort 19. Ffr. dáineacht.

danartha /danrə/, /danrə/ 20, /danri:/ 24. aid. 1. Dochomhairlithe, stuacach. Sfh. A chomhairle féin do mhac ~ ní bhfuair ariamh níos measa 20. Tá tú an- ~ 19. 2. Docht, stuacach (ag margáil), stailceach. Ní fhaca mé aon fhear ba ~ ina mhargadh ná é 20. Is ~ léi [capall] dul ann 20, bíonn sí stailceach ag dul ann. 3. An-daor. Níl sé ~ 20, níl sé an-daor. 4. Sprionlaithe, dúlaí in airgead. . . réis cho danraí is tá sé ag airgead 24 beisín. 5. Do-bhogtha, daingean i dtalamh. Tá sé chomh maith a'inn éisteacht léi [cloch], tá sí an- ~ 19.

danarthachán /danrəx:n/ f. Duine dosháisithe, dochomhairlithe 20.

daoirsean a. br. Daoirsíú. Tá chuile shórt ag ~ 19.

daoithiúil. 1. Crua ag margáil. Lean sé ~ mé 20, bhí sé daingean ag iarraidh airgid mhóir orm. Ceannaigh uaim é agus ní bheidh mé ~ leat 20. 2. Daor. Tá sé an ~ 20.

daol f. 1. Pian thobann. Fuair mé ~ ar ball uathab [ó na fiacla] 20. Bhuail ~ pian i mo thaobh mé ar ball 19. 2. Geit. Tá ~ inti sin 20, tá sé [capall] tugtha don gheiteadh.

daor aid. 1. Cho ~ leis an ór 24. Chomh ~ le dhá ubh ar phinn 20. Chomh ~ le uibheachaí seisiúin 20. 2. Ná bí ~ liom! 20, ná cuir cárta maith isteach chugam. Nach tú atá ~! 20 - le duine a chuirfeadh cárta maith isteach chugat.

dapa. Mac a' ~ 19, an mhéir is gaire don laidhrícin.

dar' : dur.

dar² : doir.

dara hairt. Bhain sé ~ as, 20, dhíbir sé é, chuir sé ag obair é.

dárdaol f. Deargadaol. Sínfhear ins an uaigh muid imeasc dárdaol is péiste fuara 24 péist.

darla. Dealramh. Go ~ na gréine 33, go héiri na gréine.

das f. Dos. ~ gobáiste 20.

das f. Gas. Fásann iomarca dasachai air na bachlóga 24 fata.

dáta f. 1. Níl aon ~ le, níl aon teorainn le, (le holcas nó maitheas). Níl aon ~ lena chuid airgid 19. Níl ~ ar bith lena mhímhúdnadh 19. Ní raibh ~ ar bith ina chainteoir leis 19, bhí sé ina chainteoir thar

cionn. *Níl aon ~ leis ag obair* 19. 2. *As ~, as miosúr, an-dona. A. Tá an lá go dona. B. Tá sé as ~* 20. *Ní raibh sé as ~ leat* 20, ní raibh sé as bealach leat, ní raibh sé ag iarraidh an iomarca airgid ort. *Tá siad [táilli busanna] as ~ uiliug anois* 20, tá siad ródhara ar fad anois.

dath f. *Deabhal a fhios agam cén ~ atá orthab mar bhréaga* 20, níl aon eolas agam orthu . . . *An gcuirfidh mé ~ bán dhuit air?* 20, an gcuirfidh mé braon bainne air [an uisce] dhuit. *Tá tú ag déanamh ~ dubh* 19, tá tú ag cur prátaí. *Bhíodh ~ dubh ar an bhfarraige le báid* 20, bhíodh an fharraige clúdaithe le báid. *Tá ~ na báistí uirthi* 20, tá rian ar an dath atá uirthi [móin] de bharr na báistí. *Tá ~ na greine ort* 20, tá tú daite ón ngrian. *Tá ~ na háite ort* 20, tá dath ó aeráid na háite ort. *Tá ~ na n-ubh lofa air* 20, drochshnua liathbhúí de bharr tinnis. *Bhí ~ na luaithe buí air* 19, . . . dath millitheach. 2. *Níl ann ach go bhfuil a dhath ar an talamh* 19, tá sé an-tanaí. *Níl a dhath beo ar an talamh* 20, id. *Tabhair dhom oiread is a dhath* 20, . . . oiread na fríde. *~ na fríde* 20, id. *Níor úirt sé a dhath na ngrást* 20, . . . dada. *Caitheadh tú rud eicint a ghlacadh ~ an airgid* 20, . . . beagán beag airgid. . . . *nach uaithe [bhfaighfí] mo dha ná mo thuairisc air Chnoc Drumá* 27.557. *Níl a dhubb, a dhath ná a thuairisc le fáil* 20. *Ní fhaca mise é ar aon ~* 32, . . . ar chor ar bith. *Ní ghoilleadh ná a dhath* 20, ní ghoilleadh ar chor ar bith.

dathachán f. *Dathúchán. Pota dathacháin* 19.

dathadóir /dahədoːr/, /dahiːdoːr/ f. Duine deachainteach a gheallfadh gach uile mhaithéas ach nach mbeadh sé ar intinn aige cur lena ghealladh 19.

dathadóireacht b. Cur i gcéill an dathadóira (q.v.). *Tá go leor ~ aige* 19. *Lig de do chuid ~!* 20.

dathaíonn. 1. *Dhathaigh sé í [iomaire]* 20, d'fhóidigh sé í. *Tá dathú déanta inniu aige* 20, tá cur [prátaí] déanta. *Tá sí [iomaire] daite aige* 20, tá sí lánaithe aige. 2. . . . *go raibh tú a' dathú* 19, go raibh dath bán ag teacht ort (le tinneas).

dé 1. *Spré amhairc. Ní raibh ~ aige* 20. *Deabhal ~ na ngrást aige* 20. *Deamhan ~ le fáil air* 20. *Níor facthas ~ ná aфарc air ó shin* 20. *Ní raibh ~ le ól aige* 20, bhí sé dallta ar meisce. *Ní fhaca mé ~ ar bith air* 20. *Deabhal ~ a bhí aige ina diaidh* 20, ní raibh splanc céille aige ina diaidh (bhí sé sa chéill is aigeantaí aici). 2. *Dul chun ~, dul i laige, bheith ar tí imeacht as. Shílfeá go bhfuil an lampa ag dul chun ~* 20. *Tá an tine ag goil 'un ~* 20. *Tá sé [duine] ag goil 'un ~ go mór le goirid* 20.

de /gə/ réamh. 1. *Deabhal (deamhan) . . . de. Deabhal a bhfuil an-ghéar 'óib* 20, níl siad an-ghéar. *Deabhal a bhfuil thart anseo dhe* 19. *Dheamhan is móide bhfuil an fhad sin cailte dhe* 19, ní móide go bhfuil sé an fhad sin cailte. 2. *De > a. Ba bheag a ghleo bhí timpeall air* 20. *Ba bheag a dhamainn é* 20. 3. *De ar lár. Iarraidh mhaide* 20. *Is maith an piosa bhuachaill é* 20. *An t-am seo bhliain* 20. *Naoi nó deich sheachtain* 20. *Is beag*

fhoghlaim atá air 20. *Is beag fhuacht atá ort* 20. 4. *de + a > (dh)á. Bhuail sé á bhróig é* 32.

deá-aimsir b. Aimsir mhaith 20.

deabhac. Diabhal. *Tá sé cho grána leis a deouc fhéin* 24 gránna. *Tá an deouc air a' mbó sin a' pucáil a' chuid eile* 24.

deá-bhail b. Bail mhaith 20.

deábhair /d'a:wir'/. Diabhal. *Tá an ~ craitt air chour chantalóir a' cuir fiach air phutáí ó na dhóras* 24 fiach. *Is cuma liom sa ~ ciod a deir siad* 27.426. *Is cuma sa ~ ciod a chuireadh a' corraí intinne go minic orthu . . .* 27.50. *Dí ~ é mar scéal* 24 cuireann. *Cén ~ bhí ort a louirt chor a bích* 24. *Toeri sa ~ agus díon é* 24. *Siúl leat is fág sa ~ ansan é* 24 bacann. 2. /'jaur'/ (sa agall) *A dheabhair!* 20.

deabhal f. Diabhal. 1. (a) (Le rud míthaitneamhach, achrannach le déanamh, le láimhseáil) *Tá an ~ de thú seo cleasach* 20. *Nach é an ~ de lá é!* 20. *An ~ de gharraí* 20. (b) (Gin. ina dhiaidh) *Cén ~ maitheasa dhuit a bheith ag caint?* 20. (c) (Sa ngin. le teann treise) *Cén mhaith an deabhail dhomsa bheith ag fanacht leis?* 20. 2. *Mínós, mísc d'aon turas. Bhí muid ag déanamh an deabhail air* 20. *Ag déanamh chuire dheabhal dhá dhonacht air* 20. *Rinne mé an ~ go deo air* 20. 3. *~ mór, ~ dlainn, drochdeabhal. Tá sé ina dheabhal dlainn* 20. *Ní bheadh a fhios sa ~ mór cé . . .* 20. *Chomh drochmhúinte leis an ~ mór* 20. *Nach dlainn an deabhal é!* 20. *Ba é héin a' deoul áluinn le bhe aig oebriú faoi* 24 oibriúinn. *'Grabaire díthchéil' 'cint' a deir P. 'a cha isteach iad.' 'Ní hea' a deir sé 'ach deoul áluin air a chois' 24 follasach. 4. Loch, máchail, mí-ádh. *Tá ~ eicint ar an roth deiridh* 20. *Nach mór an ~ a bhí air* 20. *Ná bíodh oiread den ~ ort is go dtitfeá i ngrá léi* 20. 5. *Mac an deabhail, duine mínósach. Is é mac an deabhail é* 20. *Sháraigh sé mac an deabhail* 20. 6. *An ~ is a mháthair, go leor leor. Bhí an ~ is a mháthair daoine ann* 20. *Bhuail sé an ~ is a mháthair air* 20. *D'íosadh cearca an ~ sa mháthair* 24 ithe. 7. *Sa ~, ar bith. Tuige sa ~?* 20. *Céard sa ~ a bhí air?* 20. *Níl a fhios agam sa ~* 20. *Is cuma liom sa ~* 20. 8. (Go diúltach, le frása dobh.) *~ ar ais ariamh* 19, níor tháinig sé . . . *is níos deise* 20. *A. Ar thug tú aníos iad?* B. *~ aníos* 20. 9. (Sa leag. ina bhfuil diúltú dúbailte) *~ lá ar bith nach ag báisteach a bhíodh sé* 20. *~ ceann amháin nach é fhéin a tharraing é* 20. 10. *Go léa an ~ (mar mhír dhiúltach) . . . go léagh an deoul 'pick' a bích air a' gcráimh seo* 24 cnáimh, níl 'pick' . . . *Go léagh an deoul ceann a íosadh sibh a choidhe* 24 uinniún. 11. *~ is móide, ní móide. ~ is móide a bheadh 'step' ar bith déanta a'd* 32. *Deoul is móide dhá phín go leith a bheach sábháilte aige* 24 sábháilann. 12. *~ mórán, is beag nach. ~ mórán nach sílfe gur cnú-dáin iad* 20. *~ mórán nach tarlaíonn sé sin i gcónaí* 20. 13. (Treisiú le dearbhú) *~ mé. ~ mé go raibh tú i do chodladh* 20. *~ mé gur líon muid cása* 20. *~ mé nach ndéireann* 20. *'Deoul mé' deir fear leis 'mar buil tú cho liath le bruc'* 24. 14. (Ag treisiú*

le dearbhú) ~ *blas go*. ~ *blas gur fearr dhom a ghoil soir* 19. ~ *blas gur leagadh é* 19. 15. ~ *mara*, is cinnte go . . . ~ *mara ndíonfad* 19. ~ *mara lách an bhean ag breathnú í* 20. 16. *Gach uile dheabhal* . . . , gach uile mhíle . . . *Chuile dheabhal duine acub* 20. 17. (Leaganacha eile) *B'fhearr duit an ~ faoina phéire adharc a fheiceáil ná é* 19. *Thug mé an ~ le n-ithe dhó* 20, thug mé íde béil dó. *Tá ~ eicint ag cuimilt leis* 20, tá droch-anáil á cur faoi. *Bheadh sé chomh maith aige a bheith ag tarraingt an deabhair in aghaidh a chos le bheith ag iarraidh . . .* 20, bheadh sé fánach aige . . . *Tá an cóta sin a'm ó bhí an ~ ina ghasúr* 19, . . . le fada riamh. *Níor tháinig a leithide de lá ó bhí an ~ ina ghasúr* 20. 18. (Go ríochaitanta in eascaine) *Go ndíona an ~ diarmaid dó!* 19 = ? *Bail an deabhair ort!* 19. *Tile [tuilleadh] deabhair agad nar fhan sa mbaile!* 19. *Mo chuide den ~ air!* 19. *Tile deabhair acub is tile deamhain acub!* 20. *Go mbeannaí an deamhan is an ~ dhuit!* 20. *Go dtóga an ~ leis ina thóin thú!* 20. 19. *Dí deabhair* (< i dtigh deabhair), mar fhocal treise. . . . *ach chuile shórt a' goil suas suas, dí deouil suas 24 saoirsíonn. Ffr. cac.*

deabhaltach *dobh.* Diabhláí. *Is ~ aisteach an rud é* 20. ~ *coilgneach* 20.

deabhailtáí *dobh.* Diabhláí 20. *Tá sé an ~ meabh-rach* 20. *Tá a fhios agam go ~ maith é sin* 20.

deabhailtaíocht *a. teib.* Diabhláíocht. *A dheultaitíocht dá ra siad hainic mise fútha tranóna an lae sin leis a' mada agus cuirte san aer í [nead meach] 24 nead meach.*

deabhas /d'aus/. 1. Paltóg, buille boise. *Thug sé ~ dó* 20. 2. *Gheobhaidh sé ~ anois* 20, cuirfear pionós anois air (sa chúirt).

deabhcóireacht *b.* Úsáid an fhocail 'deabhal' san eascaine. *Bíonn sé i gcónaí ag ~* 20.

deabhláí *aid.* Diabhláí. *Go ~ cantalach* 20.

deabhláíocht *b.* Diabhláíocht 20.

deabhlánach *f.* Diabhlánach. *A dheabhlánaigh bhradaigh!* 20.

deabhlóireacht *a. br.* Eascaine, ag lua ainm an diabhair. *Ní rabh fear a bith ba mhó rúsgadh mionnai móra agus a' diabhalóireacht ná é* 24 péist rua.

deá-bhreathaíoch *aid.* Dea-shnúúil 19.

deá-bhreith *b.* ~ *in do bhéal!* 20, go mba fíor an méid a deir tú!

deabhsáil /d'ausa:l/. *b.* Greadadh buailte. *Thug sé ~ bhualte dhó* 20.

deabhsóg /d'auso:g/. *b.* Deabhas (*q.v.*) 20.

deabhtóireacht *a. br.* Deabhcóireacht (*q.v.*). *Ní stopann do bhéal ach ag ~* 20. *Ag eascaint is ag ~* 20.

deac. Deabhal. (Sa leag.) *Th'anam ón deac* 20.

deacair /d'akir'/. /d'okir'/. *aid.* 20. *'Diucair a tharraingt', blibóin (q.v.). Dtaobh 'diucair a tharraingt' a bhe mar ainm air, níl planda ar bith is fuide a chuireann fréamh a dtala ná é. Fásann a' fréamh síos díreach air níos meacan 24 blibóin.*

deachma. Deachú. *Fág é sin ag an ~* 19, fág an méid sin gan é a úsáid. *Bíonn an ~ ag iarraidh a chuid fhéin* 19, is ceart fuilleach a fhágáil, a chaitheamh

amach.

deá-chríoch. ~ *ort!* 20, go raibh pósadh maith ort!
deá-chroíúil *aid.* Dea-chroíoch 20.

deá-chúisneáil *b.* Bualadh trom. *Thugadar ~ dá chéile* 19.

deacs /daks/. Diabhal. *H'anam ón ~!* 19.

deág. 1. *Thug sé amach sna déaga air* 20, thug sé go hard sna déaga de phuint air. *Baineadh sna déaga dhó* 20, . . . sna déaga de phuint dó. 2. *Tá sé sna déaga is dá fhichead* 20. *Tá sé sin sna déaga le cois cheithre scór* 20. 3. (Le scór) *Cheithre scór dhéag* 20.

deá-ghotha *f.* Cuma mhaith 20.

deá-ghuidhe /d'a:γiv'ə/. ~ *i do bhéal!* 20, go dtarlaí an rud a dúirt tú.

deaide *f.* (Ainm ceana ar) athair. *A dheaide! A dheaide go deo!* 20 – agall iontais nó sástachta (ag cailíní). *Deaide mór na ngiorraíocháí* 20, a tugadh ar an asal nuair a facthas den chéad uair é – de réir na scéalaíochta.

deaideo *f.* Daideo 20.

dealaíonn. Scarann. *Dhealaigh sé as* 20, chuir sé de an tinneas. *Is deacair deaí as* 20.

deá-lascadh *f.* Bualadh maith. *Thug mé ~ dhó* 19.

deá-leabhar *f.* *Bhí go leór freisin nach shí an ~ a léamh* [léadh] *oru* 24 scála, . . . nach é an deá-rud a dúrú fúthu.

dealramh : **darla.**

deálrachain *f.* Páiste beag nach mbeadh fás faoi. *Nach beag an ~ é* 20. *Ffr. deárlachain.*

deálráí : **deárláí.**

deamhan /d'au:n/. /d'aun/. 20. Diabhal. 1. (a) (Go diúltach le fráda dobh.) *Dhiúin ar a gcois a d'iom-pódh siadsan dhuit* 20. *Dheamhan aníos aríst go raibh an oíche tite* 20. (b) (Sa leag, ina bhfuil diúltú dúbailte) *Dheamhan blas den cheart nach bhfuil aici* 20. (c) *Dheamhan is móide, ní móide. Dheamhan is móide a ndeacha seisean chor a' bith ann* 20. *Dheamhan is móide a raibh oiread sin scil aige sin sa taoille* 20. 2. *Dheamhan mórán, is beag nach. Dheamhan mórán nach ionann* 20. 3. (Treisiú le dearbhú) (a) *Dheamhan go, is cinnte liom go. Dheamhan gurb shin é a dúirt sé* 20, m'anam gurb shin . . . 'Dheamhan' a deir sé 'gur théaltaigh sí léi' 20. (b) ~ *mé, mise. Dheamhan mé gur fíor dhuit* 20. *Dheamhan mé gurb ea* 32. *Dheamhan mé nach gcríochnóidh sé go brách é* 20. *Deoun mise mar b'fana sibh socair go dtiúra mise gon tuiín dhaoibh é* 24 socair. (c) *Dheamhan mara. Dheamhan mara bhualt truaí don páiste é* 19, m'anam gur bhualt . . . (d) *Dheamhan blas. Dheamhan blas gur inis sé an scéal dó* 20, m'anam gur inis . . . 4. (Leaganacha eile) (a) *Dhiúinas < dheamhan a fhios. Dhiúinas agam nach raibh sórt coll le feóil giorria acu dá bharr sin* 27.1121. *Dheamhanas cén gáirí a bhain sé amach* 27.1121. (b) *Dheamhan mo chos* 19, ní rachaidh mé ann, go deimhin. (Ffr. **deabhal**). (Níl 'deamhan' chomh láidir le 'deabhal'. Is sna leaganacha diúltaithe is dearbhaithe is mó a úsáidtear é, agus é séimhithe.)
deá-mhargadh *f.* Margadh maith 20.

deá-mhéiniúil *aid.* Dea-mhéineach. . . bhí sé chuile bhuile chomh moltaí faoi chomh ~ is chomh deábhéasach is a bhí sé 27.722.

déanamh : díonamh.

déanann : díonann.

deannachtaí *a. br.* Ag ~ báistí 20, ag greadadh báistí.

deannóid : gionnóid.

déantús : díontas.

deár /d̪a:r/. 1. Dúshlán. *Bhuail siad ~ ar a chéile* 20. ~ buailte aige ar fhear ar bith as áit ar bith i dtaobh damhsa 20. *Le corp ~ ar a chéile* 20. *Bhuail mé ~ óil air* 20. ~ air aon lead é a chuir har a mballa 27.1323. 2. *Ag cur ~ oile ort* 20, ag iarraidh tú a chur le buile. 3. *Tháinig sé le ~ gnatha* 19, . . . le fuadar gnótha. 4. *Tóir. A mbeadh bean ann a mbeadh ~ aici ar fhear* 20. *Ní bréug a rá nach raibh an t-an-deár agumsa air a nGarda a thug a' summons orm* 27.776.

deara. *Tabhair faoi ~ nach raibh!* 20, bhí, tabhair sin faoi deara. *Tabhair faoi ~ an raibh!* 19, ní raibh agus bíodh a fhios sin agat.

deáráil /d̪a:ra:l/ *a. br.* Tabhairt dúshláin. *Tá siad ag ~ orainn* 20. *Bhí mé ag ~ oraibh* 20.

deá-rath *f.* Rath maith 20. *Ná raibh ~ ort!* 19. *Go gcuire Dé ~ na bliana ort!* 24 rath.

dearcadh *f.* . . . ach réir dearca níl aon bhaol air a gcuid gan roinnt a bhe gan oidhre 27.534, de réir dealraimh . . .

deardan, -ach : deártan, -ach.

Deardaoin /,d̪e'r̪e:di:n/ *b.* ~ Cincise 20. . . Deasgabhála. ~ na gComaoineach 24A, . . . Chorp Chríost.

dearfa *aid.* Cho ~ leis an lá bán 24 ólann.

dearg *f.* Nárbh é ~ a' bhuachaill báire cruthanta . . . an buachaill báire cruthanta . . .

dearg-, réimír ag treisiú drochthréithe; é bisúil le ainmfhocail, is le *aid. bhr.*

dearg *aid.* 1. *Bó dhearg* 24A, bó a bhfuil dath na fola uirthi. 2. *Naíonán* ~, naíonán tar éis a bheirthe. *Thug mé aire mhaith dhuit nuair a bhí tú i do naíonán* ~ 19. *Rinne mise é sin agus tú i do naíonán* ~ 20. 3. *'Talamh ~' a bhéarfhas tú air áit ar bith a gcuirfe tú síol a chléas* 27.282. 4. . . . *neart úbhla chomh ~ le coircín fola* 27.427. *Cho ~ le úbhal, . . . le fuil, . . . le coircín coilf, . . . leis a' spleainc, . . . leis a' rós* 24, . . . le cóta, . . . le caorann 20. 5. (Focal treise) *Sna sodair dhearga* 20. *In araingeachaí* ~ 20, in araingeacha móra (ag gáir). . . . *i mulach a' Gheimre dhearg* 24 cuireann. . . . agus a' phluid castaí níar air i mulach a' tSoura dhearg 24 caitheann. . . . a' mbéal a' tSoura dhearg 24 beal. *I lár a' tSamhradh dhearg* 27.584. *Ní díonfaidh mé le mo mharthain dhearg aríst é* 20. 6. *Fuair sé ~ é in gheál air* 27.232, fuair sé drochléasadh.

deargadaol *f.* *Is measa thú ná an tóin deiridh den* ~ 19, is measa thú ná an deabhal. *Tá tú cosúil leis an drioball thiar den* ~ 20 (le duine cantalach). *Ffr. dárdaol.*

deargadh *m.* ~ *tíaraí ort!* 19 - sórt eascaine.

deargaíonn. Deargann. 1. Baineann an scrath de. . . . *gur ag deargú na h-uaigh go bhárr gur b-é máireach a' Luan a bhí siad* 24 naomh. . . . *muide nach bhfosglóch an uagh Dia Luain mar mbeach sí dearcadh [deargtha] ón Dónach roimhe* 24 naomh. *'A' déanamh an uagh a bhí sibh?' a deir mé 'ní sheadh ach dá deargú' a deir sé* 27.988. *Ní ra siad achar a' bith dhá deargú agus a' goil dó nó trí troiche ar doimhne inntí [uaigh]* 24 sluaisteálann.

deargán *f.* ~ *creathnaí* 19, creathnach a gcuirtear uisce bruite uirthi (a chuireann dath dearg uirthi) á réiteach le n-ithe. *Déan ~ creathnaí dom* 19. *Gabh síos agus bain ~ creathnaí dom* 19, . . . bain slam creathnaí le n-ithe (tar éis a réitithe) dom.

deargbhacach *f.* Bacach cruthanta. *Deargbhacaigh iad* 20.

dearg-Bhéarla *f.* Béarla amach is amach. ~ é 20.

deargbhligear *f.* Drochbhligear 20.

deargbhréag *b.* Bréag chruthanta 20.

deargbhréagadóir *f.* Bréagadóir cruthanta 20.

deargbhuíochas *f.* *Fuair mé é de do dheargbhuíochas* 19, . . . ainneoin do dhíchill.

deargchloigneachán *f.* Duine an-dúr 20.

deargchontúirteach *aid.* An-chontúirteach 20.

deargchraiceann *f.* *Mé a fheiceáil i mo dheargchraiceann* 20, . . . lomnocht.

deargdhroch-. An-droch-. *Ní fhágadh sin go mbeadh dearg-dhroch-intinn aig ceachtar acu* 24 tóigeálach.

deargdhruncaera *f.* Drochmhisceoir 20.

deargfhealltóir *f.* Fealltóir cruthanta 20.

deargglaoch. Sphagnum acutifolium. *Portach* ~ 20, 33. *Poll* ~ 20. *Fód* ~ 19, fód íochtair sa bportach nach bhfuil ina mhóin ná ina chréafóg (a raibh ~ ag fás in uachtar?).

dearglofa *aid. bhr.* An-lofa 20.

deargnimh *b.* Drochnimh 20.

deargóinseach *b.* Oinseach chruthanta 20.

deargólta *aid. bhr.* Ar deargmheisce 20.

deargphleithce *f.* Pleidhce cruthanta 20.

deargphutrálai *f.* Útamálai mór 20.

deargraideog *b.* Cailín 'cóir' scaoilte 31.

deargrifíneach *f.* Rifíneach cruthanta 20.

deargscéiméara *f.* Scéiméara cruthanta 20.

deargsheafóid *b.* Seafóid amach is amach 20.

deargshuarach *aid.* An-suarach. *Go* ~ 31.

deargshugach *aid.* Ar deargmheisce 20.

deárlach *f.* Dilleachta 20.

deárlachai, deárlai *iol.* 1. Peacaí (á n-insint sa bhfaoinn). *Feabar [cibé] deárlai a bhí len innseacht agam, d'inns mé ar dtús iad. ~ a tugtaí air na peacaí nuair a bheithé dhá n-innseacht sa bhfaoinn* 24. *Fíobar deárlai a bheadh a' cuir trioblóid ort* 27.232. 2. *Scéal d'anró féin. B'iad na deárlai an béul bocht a dhéanfá a' cuartú spás go ceann tamaíl eile* 24, . . . ag iarraidh spás le na fiacha a íoc. *Duine a bhíos a' caint ar a ghnatha fhéin, chathadh sé lá a' córá leat agus níl aige ach a dheárlacha fhéin ar fad* 24. *'Ná bí a' clousán' a deir a fear leiche agus í ag innseacht a deárlai dhó* 24 saothraíonn.

deárlachain *f.* Duine beag, páiste beag 20.

deárlaíonn. Dallraíonn le fuacht. . . . *a liachtaí lá breá fada Samhradh agus oí fhada dheárlaí Gheimhridh 27.483. Sépéilín fuar feannta chuile lá aríomh é, dhearlóidh sé na coeín lá Geimhridh 27.583. Oí fhuar dheárla [dearlaithe] Gheimhridh 27.854. A leithide go lá deárlaí 24 saothraíonn. (Dallraíonn 19, 20).*

dearmad *f.* *I mbealach ná i n~*, in áit ar bith. *Níor casadh dom i mbealach ná i n~ ó shin é 20. Níl sé le fáil i mbealach ná i n~ 20.*

dearnachaí *iol.* 1. Glúine. *Bhí mé ar mo dhearnachaí ag rá mo phaidrín 20. Níl raibh aon ghraithe agam mé féin a chaitheamh ar mo dhearnachaí chuige 20. Cainte ar a dhearnachaí i gcónaí 20, . . . ar a glúine ag obair. 2. Í ina suí ar a dearnachaí 20, . . . ar a gogaide.*

deárta *f.* Deardan. 1. Drochaimisir gharbh. *Amuigh faoi dhéarta 20. Ní aireoidh sé fuacht ná ~ 20. 2. Foscadh ón aimsir. Níl ~ ó ghaoth ná ó bháisteach ann 20. Ní raibh dídean ná ~ le fáil 20.*

deártaíoch *aid.* Deardanaíoch, *Is ~ an lá é 20.*

deás *b.* Dias (arúir) 20.

deas *aid.* 1. An-choitianta ag cáiliú aidiaichta eile, e.g. ~ *crua*, ~ *éasca*, ~ *íseal*, ~ *min*, ~ *soineanta* 20. *Bhí sé [teach] cho ~ leis a' deil 24. 2. ~ ar, sásta, fonnmar. 'D'íucadh tú har!' a deir Páruic 'go bhfeicfí muid na coiléir?' 'Is mé atá ~ air' a deir mé 27.283. 'Is mé atá ~ air' a deir sé 25.1507. 3. *Go ~ anois, tá tú dhá chur har a mhaol 24*, go réidh is go pointeáilte . . . 4. ~ ~, bailchríoch. *Tháinig sé ar deireadh ag cur ~ ~ air 19. ~ ~! 19* - focal a deárfai le páiste agus rud deas á theaspáint nó á thabhairt dó.*

deasaíonn. 1. Socraíonn cnámha briste. *Fear deasú cnámha 20. 2. ~ an tine*, cuireann caoi mhaith uirthi. *Deasaigh an tine 20. Deasaigh i dteannta a chéile í 20. 3. ~ (an caipín) ar dhuine*, cuireann an duine ina áit féin, baineann an mórtas, an fonn troda, etc. de. *Sin é an deasú air 20. Deasóidh sé sin an caipín air 20. 4. Teannann le. Ag deasú amach an-fhada san oíche 31, ag teannadh amach . . . Tá sé a' caile an mhísin níos mó mar tá sé a' deasu isteach sna blianta 24. Nuair a chonaic mé a' deasu liom é 24.*

deascán : **dríoscán.**

deá-shimplí *aid.* *Fear ~*, fear cóir ré a bhfuil sé deacair stuaic ná fearg a chuir air agus méin dheas shibhialta le chuile dhuine [aige] 24. ' ~ ' is mó a bhíodh dá rá le fear réis a bháis 27.1472.

deá-shlí *b.* Nós maith maireachtála. *A' cúlódar a bhuaíl sé faof ní shé an ~ bhí siad a leanacht 24.*

deasóg *b.* Lámh dheas. *Níor lig sé a rún lena dheasóg 20, . . . le duine ar bith.*

deasúchán *f.* Deisiúchán 20.

deatach *b.* agus *f.* 1. *Trí scór tiff [tithe] faoi dheatach 19*, trí scór tithe a bhfuil cónaí iontu. 2. *Tá daoine ann agus níor bhfuí buidéal deataí an rud bheach a' goiliúint orú 24 goilleann, . . . níorbh fhuí dada . . . 3. Ní bhéarach sé ~ na tine dhuil le gorta, ní áirím ceo ar bith eile 24 gorta. Bhí sé 'na*

chrístóir go mór is nach dtiúrach sé ~ na teine woe 24 rith. 4. Bhí sé ina dheatach eatrab 20, bhí sé ina throid mhór eatarthu. 5. Bhí ~ stúil aige sin 20, bhí an-siúl aige sin. 6. Bhain mé ~ as an airgead 20, chaith mé go rábach é. 7. Dé ná ~, radharc ar bith. Ní raibh dé ná ~ air 20. Ní bhfuair mé dé ná ~ air ó shin 20.

deá-thiomnadh *f.* Dea-mhéin. *Níl ~ ar bith aige dhó 20.*

deich fichead. Cluiche cártaí ina bhfuil sé chúig ar an mbun 20.

deichniúr /d'in'u:r/. *Clocha deichniúir 20*, clocha móra idir gach deichniúr ar an bpaidrín.

deideighe /'de'dai/ 19, /'d'e'd'ai/ 20. *Nach í an ~ í 19*, nach í atá gléasta go maiseach.

déidíní *iol.* *Tá ~ tití agam leis an ocra 19*, tá mé lag . . . *Titfidh ~ aici 19*, a deirtear i dtaobh an chapaill mura mbíonn rud le cogaint aici i gcaitheamh na hoíche. [déidíní uath. 20.]

deifir *b.* *Déan ~ agus má leagtar thú ná fan le n-éirí 19* - focal magaidh ag deifriú duine.

deil *b.* *Tá sé chomh deas leis a ~ 24A. Tá an teach mar a ~ aici 24A. Shléad gur amach ón ~ a hainic sé 27 deileadoir* - le troscán nó gréithre a bheadh glanta nó péinteáilte as an nua.

deilbh *b.* *Tá sé chomh tanaí, níl ann ach an ~ 19, . . . ach an creathach.*

deilbhíú /d'el'fí'u:/ *a. br.* Éirí tanaí. *Thosa sé a' deilfíú agus ag éalú as, mar a dteanta an fhaitís bhí sí a' sí a chuid fola freisin 24 luach.*

deile. Cad eile? ~ *céard a dhíonfá 20. ~ cé uaidh a dtiúrfadh sé í? 20. ~ céard a bhí tú a dhíonamh? 20. ~ cé mbeadh sé 20.*

déileáil *a. br.* 1. *Stoppa déileála a bhí an taobh shuas go na Baoilí, plúr agus min is mó a bhí sé dhíol 27.792*, siopa mionreice . . . *Courtheach déileála a chuireas comaoine a Nollac anois ort 24 Nollaig. 2. Roinnt áirithe. . . a' gcuíd m'ra bochta . . . a' faire go dtiocach siad amach le ~ a fháil wofa a cheannóch greim go na páistí 24 cailleann, . . . le roinnt airgid a fháil . . . mhór airgid 20. Fuair mé ~ acub 20, . . . roinnt acub.*

deilgneach *aid.* *Malai deilgneacha 20*, malai troma stoitheacha.

deiliceáilte /del'ik'a:l't'ə/ *aid.* 'Delicate' 20.

deilifeoirín *f.* Páiste cainte tanaí 20.

deilinteacht *b.* Síor-iarratas. *Ag ~ ar an gcomhar-sain 19.*

déint. *Faoi ~*, faoi dhéin 20. *Chuaigh mé Gaillimh faoi ~ na slinne 20.*

déirce *b.* Déirc. 1. Beagán. *Níl aon bhlas bainte acub ach an ~ 20. Fear eile nach raibh aige ach talamh na ~ g'iarradh a bhe beó air 24, . . . ach beagán talaimh . . . 2. Mian ~. Bu mhian ~ leofa a' méid sin fhéin a fháil le saothrú 24 glantóireacht, ba bhui déirce leo . . . Ba mhian ~ leofa é a fháil 27.1193, . . . ba mhian ~ leo í a bheith acu len fháil 27.1483. 3. Díon ~. *Ba din ~ leis é a fháil faoi dheireadh 20*, ba bhui déirce . . .*

deireadh *f.* 1. (a) *Ní hé ~ an tsaol é 19*, cúiteoidh mé leat é amach anseo. (b) *Tréimhse den saol ag*

tarraingt ar an mbás, bás. *Hainic sí abhaile buil sé agus bhí deire saoil deas acu* 27.381. *Ní raibh aon ~ maith ag aon fhlí riamh* 19. *Cén sórt deiridh bhí aige?* 20, cén sórt báis . . . (e) . . . go gcoinneá i n ~ a theas é 19, go gcoinneofá é faoi bhun teas bruite ar éigeant. 2. (a) *Faoi dheireadh*, den uair dheiridh. *Nuair a tháinig sé faoi dheireadh* 20. (b) *Go ~*, den uair dheiridh. *Ó fua mise an bealach go deiridh* 27.1168. *Is as Albain tháinig sí go ~* 20. (c) *nDeire na féine air fad nuair bhí siad a bra ar brise suas* 24 saor báid, i ndeireadh na dála . . .

deireanas /d'ernəs/ f. . . . ar a hocht, ar a dheireanas 20, ar a dhéanaí.

deireann. 1. *Abair!* 20, mar fhreagra ar ghlaoch. A. *A Mhama!* B. *Abair!* 20. 2. *Abair!* 20, tá an ceart sa méid atá ráite agat. 3. *Deir tú*, d'fhéadfaí a rá. (níl sé i gceist go bhfuil an dara duine tar éis labhairt). *D'fhéadfaí chaon cheann acub a dhéanamh, deir tú* 20. 4. *Deir tú leis é*, céard a dhéanfadh sé ach . . . *Deir tú leis é a chuaigh siar* 20. 5. ~ le, tugann d'ainm ar. *Sin é a deir siad leis i mBéarla* 20. 6. *Mar a déarfá le*, go tréan, ar a dhícheall. *Bhí sé ag méadú mar a déarfá leis* 20. *Bhí sé ag obair mar a déarfá leis* 20. *Bhí an fhuil a' téacht mar a déarfá lei* 27.1468. 7. *Déarfadh mé leis é!* 32, aontaim go bhfuil sin le rá faoi (dhuine) (moladh a bhí ann). 8. *A deirim*, ab áil liom a rá (do do cheartú féin). *Inín Mhicil Frainc, inín Johnny Frainc, a deirim* 20. 9. *A ndéara mé beo cé hug a' buala dhó* 24 buala, ní mé cé . . . 10. ~ le, iarrann a rá le. *Ar 'úirt siad rud ar bith liomsa?* 20, a ndúirt siad (leat) rud ar bith a rá liomsa? *Dúirt siad leat a ghoil soir ann* 20. *A Bheartla, dúirt Méaraí leat a ghoil isteach* 20.

deirfiúr /dr'ehu:r/ 19, /dr'aur/ 20 b. *Ba ~ í sin agus an churach s'againne* 19, ba péire ar aon déanamh ó aon saor iad.

deirgeacht b. Deirge 20.

deirgeadas f. Deirge 20.

deis f. 1. *Bhfuil an lá sin ar do dheis?* 20, a noireann . . . duit (ó thaobh na coise a oibríonn tú ag rómhar). 2. *Is dona é do dheis* 20, is dona na huirlisí is an chóir oibre atá agat. 3. *Tá ~ mhaith mhóna acub* 20, tá teacht éasca acu ar mhóin mhaith a bhaint. 4. ~ a chur ar dhuine, cur síos ar dhuine 20.

deiseal aid. A oibríonn an lámh nó an chos dheas. *Ciotach nó ~ thú?* 20.

deiseálann. Cóiríonn. *Deiseáladh amach iad* 20. *Deiseáilte* 20.

deisióinn. 1. Socraíonn go pointeáilte. *Níl mé ach á ndeisiú* 20 (le soithigh ar sheilp). *Ag iarraidh iad a dheisiú anseo* 20. *Dheisigh sé an t-iarann sa tine* 20. 2. Cuireann síos go magúil ar. *Bhí muid á dheisiú* 20. *Tá siad deisithe aige anois* 20. *Níor stop sé ach ag deisiú na ndaoine* 20.

deismíniteacht b. Cóiríú deas. *Nach ort atá an ~ ort fhéin!* 20.

deo. 1. (a) *Go ~* (mar fhocal treise). *Tá an-chuimse go ~ bainte* 20. *Níl a fhios go ~ cén luifearnach*

atá ag fás ann 20. 2. Riamh, ar chor ar bith. *Níor chorraigh sé go ~ nó go dtáinig mé ina mhullach* 20. *Níl a fhios go deo céard a ghabhfadh ann* 20, ní féidir a mheas céard . . . (ghabhfadh oiread sin ann). 3. (In agall) (a) (Le hiontas) *A Dhia go ~!* 20. *A Mhac go ~!* 20. (b) (Le pian) *Ó dhe go ~!* 20. *Ó dhe dhe go ~!* 20.

deoch¹ /d'ox/. Agall ag glaoch ar mhuca chun beatha. ~ ~! 20, 24.

deoch² /d'ox/ b. *D'ól muid ~ chapail dhó* 20, deoch an-mhór [de phoitín]. *Is túisce ólfas tú ~ ná mé* 20, bhain tú as mo bhéal é (le duine a déarfadh an rud a bhí tú féin ar tí a rá).

deoir b. *Níor fhág sé ~ ina chluais* 20, mharaigh sé é. *Ní thiúrfainn ~ fhola le náire nuair nár fhéad mé a dhéanamh* 20, bhí an-náire orm.

deolacháinín f. Páiste lag óg 20.

deoladh¹ f. Beagán. *Ag coinneáil deola faoin bhfiacail aige* 20, ag tabhairt beagáin le n-ithe dó.

deoladh² f. ~ gaoithe 20, geoladh.

deolcach f. Páiste óg, ainmhí diúil 20.

deoraí f. 1. Gasúr nó duine beag lag éidreorach. ~ beag 20. 2. *Ní raibh mac an ~ fhéin ann* 20, ní raibh duine ar bith ann.

deorlacháin f. Deárlacháin (q.v.) 20.

dhá. 1. *Bhíodh ~ bhéal air a' taos óg aig éisteach leó* 27.1234, bhíodh a mbéal oscailte le teann spéise is iontais. 2. ~ chuid, formhór. . . . go raibh dhá chuide dhó [dá shaol] caite 27.38. 3. *An dá lá is a mhaireach sé beó* 24 Nollaig, an fad . . .

dhe. Dheamhan (i leaganacha áirithe). . . . agus ~ duine a bhí a' téacht 24 lúb. *Bhí an saol a góil dá mhaidí air agus ~ neart a bhí aige air* 27.353. ~ mórán fear nach rithe má castar nead smeach a mbái fhéir leis 24 doith. *Go matha Dé dhom é, ~ go leór níos fearr ná na beithí a bhí na daoine* 27.137.

dheabha. Dhe (q.v.) . . . dheou ceó ach go bhfeicinn cé déarach sé 24 beannaíonn.

dheabhais. Deabhal. (San agall) *A dheabhais!* 20.

dheabhait /jaut/. Deabhal. (San agall) *A dheabhait* 20.

dheabhcais. Deabhal. (San agall) *A dheabhcais!* 20. deo : dó.

dí (< dtigh) : teach.

Dia. 1. (a) *Mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag éisteach leis an screadach chráite* 20, ba dofhulaingthe an screadach . . . (b) *Is mó toil Dé ná é* 20 - le rud uafásach a tharlódh. (c) *Mhuise ar son Dé ort!* - agall iontais a déarfá le scéal dochreidte. (d) *Nár laga ~ thú!* 20 - focal buíochais as rud a dhéanamh duit. (e) *Ní raibh fearg ar Dhia nuair a d'fhás sé sin* 20 (le duine nó barr a d'fhásadh go breá mór). (f) *Ní thiúrfadh sé scilling do Dhia* 20, duine fíor-ghortach é. (g) *Níor dhúin ~ a shúil air* 20, bhí Dia go maith dó. (h) *'Mhuise Pháidín' a deir sé 'a gcasach Dé dileógín a bich go tobac a bhrabach ort?'* 24 tobac. 2. ~ ná duine. *Ní fhaca ~ ná duine taobh amuigh ariamh í 32, níor facthas . . . Ní chuirfeadh ~ ná duine smais air* 20, ní fhéadfaí slacht a chur air. 3. *Ó Dhia agus ón saol,*

ar fad ar fad. Tá siad buailte ó Dhia is ón saol 24 buaileann. Bhí sé [anó] aige ó Dhia agus ón saol 20. 4. ~ le Buiscín (?). Ná raibh ~ le Buiscín, mara bhfuair sé sin liúradh 20, is cinnte dearfa go bhfuair . . . Ná raibh ~ le Buiscín, mara maith a shaothraigh sé a aistir 20. 5. (Mar fhocal cáilithe sa ngin.) Sine Dhé 20, sine beag gan aon bhainne ag an mbó. Tine Dhé 20, tinneas áirithe craicinn. Tá sé ar bhoichte Dé 20, tá sé an-dona le pian. Tá mé ar bhoichte Dé le tinneas cinn 20. 6. ~ linn!, guí a deirtear go háirithe tar éis sraoth a ligean. . . . gan aon ' ~ linn' a rá léithe 20. Deabhal ' ~ linn' a dúirt aon duine sa teach léithi 20. 7. (Mar fhocal treise) . . . bu mhian Dé léichi fear a fháil 27.163. Ar éigin Dé a rinne mé é 20. Lá le ~ é 20, lá báistí a tháinig nuair a theastaigh sin go géar. Cá bhfios le ~ nach gcuirfeadh sé go dtí do dhóthain thú 20. Cá bhfios le ~ nach ligfidh sí amach an fhirinne fhéin 20. D'éirigh ~ leis an t-asal a bheith socair 20. D'éirigh ~ liom an lá a bheith go breá 20. Nuair a chinn ~ liom an pósadh a dhéanamh 20 (líne as amhrán). 8. Ó Dhia (shúlach), ar chor ar bith. Níl a fhios a'm ó Dhia shúlach cén fáth nár tháinig sí 20. A Dhia shúlach! nar dhúirt mé leis a theacht isteach 20. Ní bheadh a fhios acub ó Dhia go talamh . . . 20.

diabhal : deabhal, deabhadh.

diacaí. Deir ~! 20 – maolú ar 'Dar Dia!'

diachta. A. Tá mé tuirseach. B. Tá tú, tá tú, is diachta dhuit 20. . . . chaitheá a bheith. Bhí ocras air, ba diachta dhó 20. (Go híorónta go minic agus a mhalairt de chiall leis).

diagaí. Doir ~ 20 – maolú ar 'Dar Dia!'

dhiaidh. 1. Bhreathnaigh sé i n ~ a leicinn 20, chas sé a cheann beagán is bhreathnaigh sé siar. 2. Ina dhiaidh sin, taobh eile ar an scéal, agus. Bhí daoine bochta air a' tuath chuile phiuch chomh dona ach bhí na dhiaidh sin ann 27.841. Réis nach raibh aithne ná eolas aig ceachtar acu ar a chéile, is cuma sin, bhí 'na dhiaidh sin ann 27.767. Nuair a hainig a' socru go dtí an pointe ar síliú go mbeadh chaon taobh sásta, bhí 'na dhiaidh sin ann 24. 3. De dhiaidh sin /gə 'jiə ʃin'/, /gə 'jeɪn'/. (a) Taobh eile ar an scéal. Tá do scéala breá go leor ach tá go dhiaidh sin ann 20. (b) Ainneoin sin. Tá Béarla aige go dhiaidh sin 20. Ní raibh aon cheapadh go dtiocfadh sé ach go dhiaidh sin fhéin tháinig 20.

dhian aid. Géar i dtaobh buntáiste a bhaint. Ná bí rodhian leis a' teoráin nuair a bheidheas tú treou 24 teoráin, ná téigh róchóngarach don teoráin 'n áit a mbíoch fear samtach a fanacht rodhian leis a' teoráin 24.

diarmad. Á bhfanadh sé ann go ndéanadh Dé Diarmad dhó, ní bhaisteach Tomás a' cnaipe 27.343, . . . go brách . . . Beidh tú ag imeacht mar sin go ndéana Dia ~ dhuit 20, . . . go deo (agus ní éireoidh leat do ghnó a dhéanamh). Á mbeadh siad a pobaireacht ar bhárr Cnoc a' Leacht go ndéanadh Dia diarmad dhaof ní woech siad fear ná bean as a' mbaile a d'árdódh a láimh san aer a' dlónadh fúsá dhaof 24 piobaire. (< dearmad faoi

anáil ia in Dia?).

diás. Bhí tille a' cuir húb a' ~ cruithneachta ag obair (i gcníotáil stocaí) 24 casadh. Ffr. déas.

díbhéirg /d'i:'v'er'ig/ 32, /d'i:'v'ir'ig/ 24. Dochar. Is mór a ~ a dhíon a' seriosúnach aréir orm 31. Leis a n-olc a bhí ann á bhfeiceá an dímhírig a rinne sé air bhó an fhir, a driobal a ghearra 24 olc.

díceáilte /d'ik'a:l'ə/ aid. A bhfuil deic air 20. Bád ~ 20.

dícheallach /d'ehəlx/ 19, /d'ialəx/ 20. Teanntásach, deiliúsach. Nach é atá ~ ag teacht isteach! 19. Bhí mé an ~ agus é a irraidaí ort 19. Nach ~ an mhaise dhuit é! 20. Tá tú comh ~ le duine ar fónamh 20.

díchean /'d'i:x'an/. Éagóir, dochar. Rinne sé ~ air 20. Rinneadh ~ mór orthab 20. Níor mhaith linn ~ ar bith a dhéanamh ort 20.

díchúis /d'ixu:ɪ/ b. Damáiste, dochar. Rinne sí [an stoirm] ~ mhór 32. Déanadh ~ mhór in áiteachaí 32. Rinne tú an ~ orm 19.

díci. Doir ~ 20, maolú ar 'Dar Dia!'

dí-eolach /d'i:wo:ləx/ aid. Aineolach. Tá tú ~ go maith nó tá a fhios agat sin 20.

dífearáilte /d'if'əra:l'ə/ aid. Dífriúil. Tá siad ~ dhúinne 19.

díle b. Tuile mhór bháistí. Go deo na ~ 20, go deo na ndeor.

díleámh. Díleá, diomailt. Duine nach mbeadh spárdlach go gcuirfeadh sé ~ ann 20, . . . go ndiomlódh sé é.

dílis aid. Mallacht ~ Dé ort! 20.

dílleog b. Duilleog. 1. ~ tobac 20. Tabhair dhom ~ 20. 2. Cnámhín do dhilleoge 20, an chnámh a cheanglaíonn na barreasnacha le chéile in íochtar.

díllíúireacht a. br. Dilleoireacht. 1. Ag iarratas. Ag ~ óil ansin anois anocht 19. Ag ~ airgid 19. 2. Bhí sé ag ~ liom 20, ag spochadh liom. . . . gan a bheith ag ~ leis níos foide ach é a chríochnú 20, gan a bheith ag cipilíreacht . . .

díllíúrach aid. Tugtha don iarratas caointeach, don chaoineadh. Tá sí comh ~ 20.

dímhaitheasach aid. Gan fonn maitheasa, díomhaoin 32.

dincín f. Fearín beag ramhar deá-dhéanta. 1. Nach é an ~ é 20. 2. Déanfaidh mé ~ dhuit 20, brúfaidh mé thú.

dindíúirí iol. Dintíúir 20.

ding : ginn.

dingeach a. br. Brú agus dingeach ort 20 – eascaine bheag.

díni, díníos. Doir díni! 20. Doir díníos! 20, maolú ar 'Dar Dia!'

dínistí. Doir ~! 20, maolú ar 'Dar Dia!'

dinnéar f. ~ mór, 'picnic'. Le na gceart féin a thabhairt go dhaoine móra an lae sin, a mbíodh na dinnéir mhóra in 'Menlo Wood' mar d'abrtodh siad, acu . . . 27.417. Ní 'picníc' a tíuráir air san am sin ach ~ mór' 24 ceol.

dioc f. Gotha cantail, gotha cáinte. Bhí ~ air sa gchúid 20. Féach an ~ atá anois air! 20. ~ fuaicht 20. Tá ~ cáinte ort 19.

diocair : deacair.

díocas *f.* Ard-mhothú cantail nó feirge. *Bhí ~ oile orm 32. Bhí ~ orm leis an oile 32.*

díol' *f.* 1. Dóthain. *Bhí ~ a bhfeastail acub 20, bhí riar a gcáis acu. 2. ~ an deabhail, obair an-chrua, rud an-dona, duine an-dona. Sé ~ an deabhail é 20 (le hobair). Ba é ~ an deabhail aon láimh a dhéanamh dhó 20. Tá ~ an deabhail mhóir ann [i nduine] 20. *Bhí ~ a' deabhail air nuair a bheadh sé óttach 24. 3. ~ an chlampaí, ~ an mhí-ádh, díol an deabhail. Tá ~ a' chlampaí air chour dhuine le míostáid 24. Siad ~ a' mhí-ádh iad 20. 4. Ide béil. Hug sí ~ mhúice agus mhada air - sin gur mhilteach an ide béil a hug sí dhó. Níor fhág sé ~ shoir ná shiar gan tóirt eirí 24. Níor fhág sé ~ bhacach na dháil gan tóirt oru 24 fearúlacht. 5. (Mar dhobh. le haid.) sách. Níl siad a n~ aibí fós le thíocht amach as a' mugaí 24 mogall. . . . dhá gcóinneáil i [a] n~ glan 24 bréanann. . . . na gasúir bhochta nach rabh [a] n~ mear 27.50. Níl a' dlí á leanacht a dhéal láidir oru 24 saor. 6. Is é ~ a huarthaí é, is mór an obair é. Sé ~ a huarthaí iad a choinneáil glan 32. Sé ~ a huarthaí é má chaithfidh mé é a toc 20.**

díol' *f.* ~ amach, díolachán earraí le deireadh a chur le lastas áirithe nó leis an siopa ar fad. . . . a' lascaí a fuair sí ionntu go bhárr ~ amach a bhe sa siopa 24.

díolach *aid.* Tá an ghráin dhíolach aige ort 19, . . . an dearg-ghráin.

díolann. 1. *M'anam go ndíolfadh sé sin ar aonach thú 19, is duine an-ghlic é. 2. 'A' díol choice', 'A' díol agus a' ceannacht brumaí' - ainmneacha cluichí tórraimh 24 fromso.*

díomáil *b.* Chur sé ~ ann 20, dhíomáil sé é. Ná cuir ~ ann 20.

díomallach *aid.* Díomailteach 20.

díomhaontas *f.* Díomhaointeas. *Sfh. Is mór is feicthear don ~ 32.*

díomhas *f.* Díocas. *Bhí ~ air ag caint 20. ~ cainte 20.*

díomú *f.* 1. Buairt mhór. *Tá sé a cuir díomó air mo chroí 24. Bhain sé an ~ dhá chroí 20. 2. Mallacht. . . . bhí mra a hug a n~ gon lá a ndeacha an fáine pósta air a méir 24 fáinne pósta. ~ Dé dhuir nár fhan ann 20. Is ioma fear a hug a mhíle diomu dhá leithidí 24 muineál.*

díomúch *aid.* Brónach. *Níl ceo ar bích cho díomóch leis a' mbás 24 sv.*

díon' *f.* Ábhar dín (tuí, etc.). *Air dhúirt sé aon cheó leat faoi an ~ a bhaint air a chuid 24.*

díon' : déire.

díonamh *f.* 1. Cuma, cruth. *An ~ fir atá air 20. Chuirfé i gcosúlacht le duine eicint anois - an ~ atá air 20. 2. Tá mé ceapadh nach bhfuil aon ~ g'uireasa tobac aige 20, . . . nach féidir leis teacht gan tobac.*

díonann. 1. Téann chun cinn le raimhre. . . . go mhuca atá dhá mbeathu go math is go seasta leofa, agus na dhia sin nach bhfuil a' díona 24 ampladh. . . . sin iad [na muca] na hamplacháin is mó a casú

*orm ariamh, agus ní le na bhfeabhas a díona é 24 amplachán. . . . woe sin amach atá siad a' déanamh agus ag at 27.914. 2. Faigheann déanta. Rinne Séamas lúb tigh an ghabha 20. Rinne mé i nGaillimh é 20. Rinne sí 'operation' 19, fuair sí 'operation' déanta uirthi féin. 3. Toirchíonn. Tá sé á díonamh 20. Tá sí (láir) díonta 20. 4. Déanann magadh faoi, imríonn ar. Tá sé á dhíonamh acub 20. Tá tú go mo dhíonamh anois 20. Rinneadh go bun mé 20, . . . amadán ceart díom. 5. Sásaíonn. An ndíonfaidh cupán thú? 20. 6. Céard a dhéanfas, céard a tharlóidh do. Is cuma liom céard a dhíonfas siúcra 20, is cuma liom faoi shiúcra, déanfaidh mé gan siúcra. Is cuma céard a dhíonfas na páipéirí móra 20. Ba cuma leis ciod a rinne fataí ná turnapai fear a bith eile 27.41. 7. ~ amach do, riarann ar. Ag ~ amach domhsa 31, ag riaradh ormsa. 8. ~ ar, déanann teanntás air. Bheadh sé in ann díonamh ar dhaoine 20. 9. ~ de. (a) Ag díonamh bia dhó 19, ag baint leas as mar bhia. (b) Glacann leis mar, measann mar. *Bhí daoine is tá fós ag díonamh fírinne dhób sin 20, . . . á gcreidiúint. Sin é a dhíonfaínn dhó is a rinne mé riamh dhó 20, sin é an tuairim a bhainfinn as . . . Bhfuil a fhios agad cé rinne mé dhe ach Tomás 19, . . . cé a cheap mé a bhí ann . . . Sé Meaic a rinne mé dhe 19. 10. ~ do. (a) Déanann clann do. Dúirt sé léithe go ndíonfadh sé dhaoithe 31. (b) Déanann amach gur dó is cóir rud, dathann do. *Thosa sé a' déana 'mach an tsearraí dhó fhéin. Sén breithe a thriáil a' cas agus rinne sén searrach g'fhear a' ghearráin 24 iascaireacht, thug sé breith gur le fear an ghearráin an searrach. 11. ~ suas. I' díonta suas ina léidí 20, í feistithe mar 'lady'. 12. (Leaganacha eile) Tá an béal díonta aici 20, tá taithí tugtha di ar an mbéalbhach. *Bhí crúba na mbodóg tinn go bhárr a' méid bothair a bhí déanta acu 24 bodóg. Chuaigh sé amach ag díonamh a chos 20, ag siúl leis ag acú a chos. Rinne siad an-chostas an uair siúd 20, chuaigh siad i gcostas go mór. *Bhí na dournaí díonta aig chuil fhear acú 24, bhí na doirm dúinte 24 dorna. Díon go ré 19, tóg bog é, téigh go mall i mbun do ghnó. Ag díonamh gaoithe maith 19, ag baint leas maith as an ngaoth ag seoladh. Ní dhíonfadh sí an oiread sin gaoithe 19, ní thógfadh sí . . . sna seolta. *Bhí a lá díonta dhá mbeach sé dhó nó trí choisméigeachaí eile níos goire gon bhalla nuair a sgiór sé 24 gar, bhí éirithe go maith lena lá. Sé chaoi a raibh scéala díonta orthab 20.******

díontas *f.* Déantús. *Ní raibh aon ~ maitheasa ann 19.*

dioscaí /disgi:/ *iol.* Ag caitheamh ~ 20, ag caitheamh le 'cockshot'.

dioscán : gíoscán.

dioscann : gíoscann.

dípear /díp'ær/ *f.* Sáspan beag coise 20.

díreach *aid.* 1. Cinnte. *Is ~ go bhfuair sí an-spóirt as 31. 2. Fuairreas uirthi an t-airgead ~ 20, an tsuim chruinn iomlán. 3. Chomh ~ le drú, . . . le drú miotail, . . . le ordóig múice, . . . le urchar gunna, . . . le bairille gunna 20, . . . le slat fóisear 19, . . .*

le slat shoilí 20. 4. Go ~, go breá, 'ar fad'. 'Mó ghrá go deó thú' a deirim 'is tú an cut go díreach' 24 géag.

díreach *f.* Chuir sé as a dhíreach é 20, bhain sé as a chléachtadh é. Leis an ~ a dhíonamh 19, le bheith díreach sa gcaint.

dísle. Hainic sé isteach dó mar a ~ 24 éisteanh, . . . go díreach mar a dúirt sé. Phlátáil mé cho cothrom leis a' dísle iad 24 oinniún.

díth b. Dochar. Is beag a ~ dhó bheith tinn fhéin lé ar ól sé 20, ní hiontas . . .

díthra : iarthrá.

diúain /d'u:'an/ *f.* 'Guano'. ~ maith 20.

diúidlin /du:d'i:n/ *f.* 1. Páiste beag, ainmhí beag. ~ beag bídeach de pháiste 20. Nach deas an ~ é 20. 2. Bréagáinín deas 19.

diúin. Nóin. ~ is deireadh lae 20. I n~ is i ndeireadh an lae 20.

diúl a. br. Tá siad ag ~ an airgid 20, . . . ag fáil an airgid dóibh féin is á chaitheamh.

diúlacháin f. Páistín beag 20.

diúlachán f. Páistín beag 20.

diulcáil /dulk:a:l/ *a. br.* Bualadh leis an gcloigeann. Ag ~ a chéile 19. Bíonn sé ag ~ an bhuicéid 19. Lao a bhíonn ag ~ an útha 19.

diúnlach f. Gasúr beag éadrom feosaí 20.

diúraicín f. An páiste is óige den chlann 33.

diúrainneacha. Giúrainneacha 32.

diúrnaíl a. br. Brú sa lámh. Bhí mé á dhiúrnaíl 20.

dlaoinín b. Dlaoi bheag 20.

dlí f. Deuil ceó bhí acu ach ~ chois tealaí 24, dlí ag duine neamh-oilte. Ní raibh ann ach ~ cois teallaigh 19.

dliodóir f. Fear a mbeadh dlí chois teallaigh aige 24. dlíonn : gíonn.

dlisteanach aid. Nílím in ann an fhírinne dhlis-tineach a dhéanamh dó 27.1197, níl mé in ann mionnú gur fíor é. *Ffr.* glisteanach.

do¹ réamh. 1. Bhí imní orm dhó 19, . . . ina thaobh, ar a shon. Tá faitíos a'm dhuit 19, . . . go n-éireodh míthapa dhuit. 2. (I ndiaidh a. br. gan réamh. roimhe) Is cuma liom a thíocht nó gan a thíocht dó 19. 3. Bhí siad baistí do dhuine eicint 20, bhí ainm duine eicint tugtha orthu sa mbaisteadh.

do² aid. sheal. 2 pear. u. Deabhal blas a rinne do Pháraic 19, . . . a rinne an Pádraig seo a bhfuil muid ag caint air. (*Cf.* mo dhuine).

dó¹ f. 1. Achrann, sáraíocht. Bhí an ~ a bhfad níos teócha ná sin ach ní rabh fhios agam ceart cén chuid gon chré a raibh sárú faoi 27.331. Ba diabhailta an ~ a bhí ag an dá bhean. Níor fhág siad blas ina mála nár bhuaíl siad a mbéul a chéile 24. Á dtagadh 'do' eidir dhá bhean tí anois sí an teanga atá a sról ar fad . . . 'Do beag a bhí acu', nó 'bhí sé na do diabhailta acu' 24 gruaig. 2. ~ is loisceadh ort! 19 - eascaine. 3. Crá croí. Agus sé ~ mo chroí a rá gur aníos as m'áit héin é 24 gortaíonn. Ba é ~ a chroí go dtiúraidís leob an cailín óg 20.

dó². Deo. Faoi dheireadh is faoi dhó 20.

do- réim. /du/ roimh chonsan leathan; /di/ roimh

chonsan caol. Príomhbhéim ar do- agus fobhéim ar an mír eile. Comharthaí foghraíochta le heisceachtaí thíos.

dóbaire : hobaire.

do-bhainte aid. bhr. Deacair a bhaint. Portach ~ a bhí ann 20.

doch aid. Righin. Le móin a bhidheas ~ le gearra is mo deirtear é. Deirti fadó freisin é le feoil úr a bhíodh ~ le cangailt, mairtfeoil go háirithe 27.1459. Bó dhoch í le bleán 24 bradach. Is iomaí bó a bhleán mé . . . agus sí is dochaí casú orm ariabh 24. Tala trom ~ é 24.

dóch aid. Is ~ liom 19, 20, is dóigh liom.

dóchhas f. As ~ a rinne sé é 20, as muinín ghaisciúil a bheith aige as féin . . . Chuaigh sé á dhéanamh as ~ 20, le teann dúshláin.

docheangailte aid. bhr. Deacair a cheangal 20.

dochombhairlithe aid. bhr. Deacair a chombhairliú 20.

dochrach /doxɔrɔx/ (Mar fhocal treise le 'daor'). Cheannaigh mé go daor ~ é 20.

dofhadaithe aid. bhr. Deacair a fhadú. Tá an tine seo ~ dochurtha síos 19.

do-ghearrtha aid. bhr. Deacair a ghearradh, nach féidir a ghearradh 20.

dóide, dóidí aid. brch. Dóichí. 1. Agus sé is dóide gur bé sin a' fá a ra 'na Glynnas mhóra' dhá thóirt oru 24 saor cloiche. 2. Ní dóidí an Chásg bhe air a' Dónach ná . . . 24 dóigh-de. 3. (Mar aid. bun-chéime). Tá sé chomh dóidí le rud ar bith 20. Bheadh sé chomh ~ duit corp a chasadh dhuit 20. A. Seans go raibh an-lá in Árann inniu. B. An-dóidí 20. Is dóidí liom go bhfuil 20.

dóideog b. 1. Fód mór móna 20. Ag caitheamh dóideogaí amach 20. 2. Dab mór móna. Ina leathracháin mhóra le lá a bhainfi iad. Ní fóide iad ach dabannaí móra 19. *Ffr.* daideog.

doifeallach aid. Doicheallach. Chomh ~ leis na cuit 31.

doigh /de/ *b.* 1. Cealg beiche. Tá an bheach réis doith a chuir anam 24 beach. Is géar a' doith atá aig smeach chapail 24. 2. Pian fiacaile. Is fadó an lá nach ra aon doith fhiacaíl air na fir bhí air cuairt a' lá sin 24 oighreacán, is fada an lá caillte na fir . . .

dóigh b. 1. Cinnteacht. Ná déan ~ de do bharúil 20. 2. Ula mhagaidh. Ag déanamh ~ dhó 20. 3. Duine a mbeadh súil go ndéanfadh sé an rud a d'iarrfaí air. Chuile dhuine a bhí in an a' páipéar a léamh bhí dó díonta dhó a' rithe aige ag iarra údair air 24 cialú. Is maith an ~ é 20 (le gasúr contráilte, go searbhasach), déanfaidh sé fear maith.

doir. Dar. ~ fia! 20, agall dearbhaithé.

doireann. Dhoirfí buáin dhó sin 20, d'éireodh rud ar bith dá iontaí leis sin, bíonn an t-ádh air sin. Shílfeá an bhó a dhoirfí ar maidín go mbeadh lao aici tráthnóna 31, lá an-fhada amach is amach a bhí ann.

doirnín f. ~ an phota 19, cluas an phota mhóir.

doirteann. Druideann. Nuair a dhoirt sé amach san oíche 20. Ag doirtiu linn 19. Dúirt mé leis doirteadh anonn agus dhoirt 32.

dóite aid. bhr. 1. Deireach siad fadó 'd'aithneá é dá

mbeach a' lea dóit' 24 *dóthann*, d'aithneofa go furasta é. 2. *Faraor* ~ 19, faraor cráite.

dóiteor *f.* ~ *maith* é 19, fear mór tobac a chaitheamh.

dol 1. *Ní bheidh ~ ó a fháil a'd ar aon chaoi* 20, ní theipfidh ort é a fháil, gheobhaidh tú é go cinnte. 2. (*An*) ~ *amú*. *Caitheadh an ~ amú rud eicint a fháil* 20, caitheadh rud éigin a fhágáil mar fhuilleach. *Fágfaidh muid ag an ~ amú é sin* 20. *Níor chuir sé tada sa ~ amú* 20, níor dhiomail sé dada. . . . *go mbeadh sé ag cur ~ amú mór sa lá 24 ithe*, . . . ag diomailt cuid mhór den lá. 3. *Is mór a' dul siar gon traonach nach bhfuil an driobal air* 27.1296. 4. *Bhí ~ ar aghaidh maith ann* 20, bhí triollús maith ann.

do-lá /dola:/ *f.* Drochlá ar fad (ó thaobh na haim-sire). ~ *le fuacht gaoithe anoir* 19. ~ *an lá inniu* 19.

doláil *b.* Doladh. *Ag ~ san abhainn* 20.

dolánach *aid.* Deacair a shaothrú de bharr é a bheith gleannach cnapánach. *Tá sé deabhaltat ~ le cur* 19. *Garraí ~* 19.

dol-un-cinniúil /doln'k'i:n'u:l'/ *aid.* A bhfuil dul chun cinn ann. *Fear ~ a bhí ann* 32. *Bhí siad ~* 32.

do-Jéas /díl'e:s/ *f.* Drochléas, drochspuac 19.

do-leasaithe *aid. bhr.* Deacair a leasú 19 (le hithir bhocht). *Garraí an-do-leasaí é sin* 24 *leasatonn*.

dólúm /'do:'lu:m/. Go sloráí 20. *Tá sib héin ag baisteadh ~* 20. *Mise a sárú air ~ gurb é an chaoi cheart* é 20.

domhainn *aid.* Sa gcladach ~ 20, in íochtar an chladaigh. *Muic mhór domhainn* 20, . . . a bhfuil corp mór in íochtar aici. *Chomh ~ le poll duibh-eacáin*, . . . le méaracán táillúra 20.

domhan *f.* 1. *Níl aon áit faoin ~ is measa* 20. *Ní raibh aon fhear faoi bhéal an domhain ba láf ná é* 20. *Níl aithne uirthi nach í leath an domhain í* 20, tá sí an-mhór inti féin. *Thiúrfadh sé téadrachai don ~* 20, tá go leor leor téad aige. *Ag iarraidh do dhá lámh a chuir tiompall ar an ~* 19, ag iarraidh gach aon rud a bheith agat le teann sainte. 2. (Focal treise) *Meas tú sa ~ cén chaoi ar cailleadh í?* 19. *Cén ~ dath bhí air?* 19. *An-chainteoir den ~ bhí ann* 20. *Níl a fhios faoin ~ céard* . . . 20.

do-mheall /div'a:l/ *f.* Meall mór ar nós neascóide 19.

Domhnach 1. ~ *an Bhaiste* 20 *pósadh*, an chéad Domhnach tar éis an pháiste a bhaisteadh. (Bhíodh ceiliúradh an lá sin agus daoine ar cuairt i dteach an pháiste). *Dónach na n-iasgairí. Sin é an Dónach a mbíonn a' comórtas eatru cén bád is mó mbeidh iasc marbh aici* 24 *iascaire*. ~ *na bPuis* 24, an Domhnach tar éis Mháirt na hInide. *Is gearr le Dúnach na bPuis é aig courbhean chuile lá* 24. *Sén chéad Dhómhnach den mhí [Bealtaine] ~ Lae Bealtaine* 27.1484. 2. *Bean Domhnaigh*, ainm ceana ar bhó 19. 3. (Sna cuingfhocail) (a) 'I gcónaí is Dé Domhnaigh'. *Ní chuala mé dá thabhairt i gcónaí is Dé Dóna air ach 'cruít'* 27.606. *I gcónaí agus Dé Dómhna cheapainn gurb é Siobháinín a' coileach agus Brian a' chearc* 27.1279. *Ach ceist í*

nár iarraidh mé ariamh dó agus i gcónaí is Dé Dóna atá catha na dhiaidh 'gum 24 *ordáinn*. (b) . . . *cheapainn 'anois agus Dé Dóna' mar abraíonn siad* . . . 27.192.

Domhnall. *Bhí tír is talamh is ~ dearg ann* 20, bhí an domhan daoine ann.

domlas /du:mləs/ *f.* . . . *go ndeacha sé un domlais leis an scéal* 20, go ndeacha sé rófhada leis sa chaoi gur chuir sé déistean ar an lucht éisteachta. ~ *dearg ort!* 20 - eascaine. *Tá mé i n~ ag slaghdán* 20, tá mé go dona . . .

don. ~ *gnótha* /dun groha/. 1. *Obair in aisce, obair dhodhëanta. Tá ~ gnótha ormsa ag iarraidh é a chuir ann* 19. *Tá ~ gnótha ort!* 19, tá tú ag cur do chuid ama amú [ag iarraidh ar dhuine rud a dhéanamh nach ndéanfadh sé]. ~ *gno ort!* 19, le gasúr a bheadh ag ábhaillí. 2. ~ *th'fhiafraí dhuit /dun hior: yit'/* 20 - le duine fiafraitheach. ~ *agus dúin is deabhal th'fhiafraí ort* 32.

donaide *aid.* Níos dona de bharr . . . *Níor ~ é é* 20.

donas *f.* ~ *deabhal th'fhiafraí /hiorhi:/* ort! 19 - le duine rófhiafraitheach.

donndraighean *f.* Scaech róis fhiáin. *Tá dhá chineál rós fiáin ann agus is air a' donn draíon a bhídheas ceann acu. Fásann an donn draíon ré-árd ach ní fhásann a' cineál eile. Cois chaol ó bhun go bárr atá faon donn draíon* 27.1473. *Craiceann meirgeach garbh atá air a' donn draíon agus diligní móra a' fás air a' gcois agus air na craobhacha chomh maith Tá suntas amháin a' baint leis na diligní gur bun is cionn atá siad. . . . as a' mbláth a thaganns na mogóirí* 27.1474.

dophlánáilte *aid. bhr.* Deacair a phlánáil 20.

dophléasáilte *aid. bhr.* Deacair a phléasáil 20.

dórainneach *aid.* 1. An-santach ag iarraidh an méid is féidir a fháil. *M'anam gur maith ~ atá tú ag goil isteach ansin* 19, . . . róghair d'fheamainn duine eile sa gcladach. . . . *go bhfuil tusa ag goil ~ go maith don scéal* 19, géar go maith ag margáil. *Duine an~ é* 19, duine an-santach ag obair é. 2. Gann, gortach. *Ná bí ~ leis* 32. *Ní maith dhuit a bheith ro-dhórainneach* 32.

doras *f.* 1. *Is géarr na doirse a bhí sé uaim* 27.357, bhí sé ina chónaí i bhfoisceacht cúpla teach díom (ar an tsráid). *Bhíodar mórán ar aon ~* 19, (ina gcónaí) le hais a chéile. 2. *Doirse ar na heaspáí* 19, poillíní a mbeadh an brach ag síleadh astu. 3. ~ *beag* 20, 'leathdhoras'. 4. *Garraí doiris* 32, garraí beag ar aghaidh an tí. 5. ~ *an bhóthair* 20, doras an tí ar bhéal bóthair. 6. *Go bhean a bhí cho mór leiche a rabh lán a' dorais inntí* 24 *tanaf*.

dorn(a) *f.* Crobh lámhe agus í dúinte. 1. *'Dhá thuis ina dhornaí' a bhí siad dá baint an uair sin* 27.1482, ag baint le corrán. *Ag tois na talún le do dhorna* 20, *id.* 2. *Faoi mo (etc.) dhorn*, (ag obair) le mo lámha agus gan léargas agam ar an obair. *Bhí mé a' líona na bhfataí sin faoi mo dhurna* 24 *líonann*.

doriartha *aid. bhr.* Deacair a riar, a shásamh 20.

dornáil *a. br.* Bualadh le dorn. *Ag ~ boird* 19.

dornán *f.* Méid áirithe tuí. *Cheithre dhornán [tuí] sa bpunann* 19.

dórtann. Doirteann, caitheann báisteach throm. *Tá sé a' dórta cho mór nach liceach sé luch as poul ná cailceach aig an ouin 24.*

dos : gas.

dosadán *f.* Dosán. ~ *feamainne 19.*

dosaen : doiséinne.

dosán' *f.* ~ ceanna slat, ~ raithní, ~ fraoigh 20.

dosán' *f.* Cos briste. ~ *do threabh-sair 19.*

doshásai *aid. bhr.* Deacair a shásamh 20, 19.

dosheachanta *aid. bhr.* *Tá sé an-dosheachanta 20, tá sé [duine] deacair a sheachaint (agus is duine é a bhítear ag iarraidh a sheachaint).*

dothain *b.* *Chuir sé go dtí mo dhóthain mé 20, (i) d'éirigh liom é a dhéanamh ar éigean; (ii) bhí mo dhóthain de (ar éigean) agam.*

dothriomaithe *aid. bhr.* Deacair a thriomú 20.

dothuicneach *aid.* Neamhbháúil, mímhúinte 24A.

dotindáilte /'du,tɪŋd̪a:l't̪ə/ *aid. bhr.* Deacair a riar 20.

drá *f.* Riar óil. *Gheall sé ~ óil dhom 20. D'ól sé ~ 20. Dránnaí móra óil 20.*

drab *f.* Draoib, píosal draoibe. *Míle sé le ~ thú 24 milleann. Bhí drabannaí air 20. Tá an ~ suas glan go dtí t'oiscaideachaí 24.*

drabhlás *f.* Ídiú an-chaipeach. *Ní rabh ~ a bith á chuir inni san am sin 24 plúr.*

drad *b.* Draid. *Féach an ~ atá sé a chuir air fhéin 19.*

dráibhéara *f. 1.* Tiománaí beithíoch nó muc. ~ *muc 19. 2.* Ceannaitheoir taisitil. ~ *éisc 19.*

draidín *b.* Draid bheag fiacal. *Díon ~ 20, taispeáin do dhraidín (focal a deirtear le páiste).*

draidíneach *f.* Duine beag a theaspáinfeadh na fiacla is é ag gáire, duine bheadh ag gáire go magúil 20.

draidínteacht *b. 1.* Straoisil ghéaire 20. *Lig de do chuid ~ 20. 2.* Caint mhagúil. ~ *chainte 20.*

drainse *f.* Marcaíocht. (a) *Thug sé ~ deas ar a dhroim uaidh 24. . . . atá glanchuimhne fós agam air a' nglondar a bhíodh orm nuair a d'fháinn chaon drains acu sin 27.1165. Bhíodh sé tabhairt ~ beag air a' mbicycle dhíobh 27.768. (b) ~ praindí, marcaíocht a thugadh beirt do dhuine - láimh faoin ascaill, láimh faoi na hioscaidí, 'Tugaí ~ praindí isteach dhó' a dúirt an mháthair 24.*

drámh *f.* *Ní raibh aon phlé a'm leis, tá tú ag cuir an ~ orm 19, . . . an mhíleáin orm. Tá sé ar dhrámhasaí Dé 20, tá sé i ndroch-chaoi, ó thaobh na sláinte nó boichteanaichta.*

drannann. Corraíonn (as). *Tá bóithrín [buairthín] math air a ngour, ní goire aici drana as sin 24.*

draonach /draɪnɛx/ *f.* Traonach. *Nár chloise tú an chuach ná an droenach 24 traonach. I múinfhéir bhíos nead a' droent 24.*

dreach. Cuma shlachtmhar. *Chuir sé ~ ar a chuid oibre 19.*

dream *f. (a)* An ~ eile, na síoga. . . . go bhfuil sé in éineacht leis an ~ eile 20. (b) An ~ dubh, na protastúnaigh. *Mar mhóthu siad gurb aig a' ~ 'Dubh' a bhí urláimh eiri 27.483.*

dreancaid *b.* Is túisge a d'fhuipédalach sé ~ go Bled Cliath ar phín ná a thiúrach sé dhuit go lascaine an

[in] *tada í 24 crústóir. Tá cinéid eile go dhreancaid ann a dtugtar na dreancaidí beaga dubha oru. Sa talamh a bhíonn siad. Bhí fouil mhór á dhíona acu air shíolta beaga óga a bhíoch aníos 24.*

dréanlas *f.* Luibh áirithe a fhásann san uisce. *Tá béul na houna anois tachtáí le ~ 24 tachtann. Uisce éadrom . . . a mbeadh dréanlus agus luibheanna eile a' fás ann 27.1352.*

dreas *f.* Lastas. . . . go mbeach ~ eile [buidéal] sa mbaile l'aghaidh lá'r na mháireach aici 24 cléibhín.

dréimire *f.* Ceann de na dréimírí beaga dúbailte sin 20, . . . dréimírí inoscailte a bhfuil an dá fhráma ann.

dreoilín' *f.* *Ní bhrisfeadh sé uibh dhreoilín faoina chois 24, siúlann sé an-éasca agus an-éadrom. Bhuail sé eidir a gob sa tsúil é, mar bhuail Bartle Mór a' ~ 27.788. (Leas-ainm 'an Dreoilín' ar fhear mór millteach).*

dreoilín' *Streoilín (réalta) 31.*

dreuite *aid. bhr.* Éirithe tais. *Tá boladh ~ ar an éadach 20. Tá an plúr sin ~ 20.*

drioball *f.* Eireaball. **1.** *Scread mhaidne ort a dhrioball soic! 20 (soic = ?). Is deacair breith ar dhrioball inniu orthab 20, is deacair iad [bainbh] a cheannach (le daoire). Bhí boc g'fhear uasal i mbun a' rubail againn isteach na ndiaidh 27.1143, . . . go dlúth inár ndiaidh. 2. . . . d'ime siad mar mada a mbeadh a dhriobal in a thóin 27.160 . . . agus iad buailte. 3. Ruball righin, mallaidóir, fágálach. Ní baol a bith gur na rubail roighin a bhíodh siad a' téacht 27.595. Bheadh féar agus arbhar na tíre faoi dhion in sna hagaird go díreach mar mbeadh a' rubal roign ann 27.1511. 4. ~ coiligh 20, Dactylis glomerata. ~ mada 20, Cynosurus cristatus.*

driog. Griog, pian ghéar thobann. *Tá mo dhá lámh lán le driogannaí 20. Chuaiigh ~ thri mo chroi 20. Driogannaí pian 19.*

driopás *f.* Dlús chun oibre. *Níl aon ~ ann 19. Níor chuir sé aon ~ lena ghrotha 19.*

driopásach *aid.* Dlúsúil ag obair, diograiseach. *Déan deifir, ní tú sách ~ 19. Ní raibh sé sách ~ ina chuid oibre 19.*

drioscán *f.* Scata. ~ *mór daoine 20. Bhí ~ mór acub ann 20.*

dris *b.* ~ *chosáin 20, dris a bhfuil a dhá cheann i dtalamh.*

drith. Siolla cainte. *Níor hainic ~ as a bhéul 24. Níor fhan ~ aige 24. Ná bíoch ~ anois wev [ualbh] 24.*

driúilíní. **1.** Súilíní ar anraithe, ar uisce. *Bhfaca tú anru te ariabh agus mar bheach sé lán le súile beaga air a bhárr, sin iad a dtugann muid na ~' orú. D'fheiceá mar i gcéana sa drúcht iad air maidín 24. Tá ~ ar an uisce 20. . . . na ~ a bhíos air uachtar an anraith 24 anruith. 2. ~ fuaicht 19, 'goose flesh'. Bhí ~ fuaicht air 19. Bhí ~ ar mo chraiceann le faitíos 19. 3. Chuir sé ~, 'na shúile leis a' soc go mhaide hug sé ina na heasnaíchaí dhó 24, chuir sé 'réaltógaí' sna súile aige . . .*

dróbáil *a. br.* Fliuchadh le draoib. *Dhá dhróbáil fhéin 19. Dróbáilte 19.*

droch-. Réimír bhisiúil is féidir a chur le ainm ar bith, agus a chuirtear le corr-aidiacht.

drocháras *f.* Drochtheach. *Níl aige ach* ~ 19.

drochbhás *f.* 20.

drochbhreathnaitheach *aid.* Drochshnúil 20. *Capall tanat* ~ 20.

drochbhreathnú *f.* Féachaint mhíchairdiúil, naimhdeach. *É ag tabhairt drochbhreathnú orm* 20.

drochbhuaite *aid. bhr.* Buaite go dona. *Bhí sé* ~ 19.

droch-cheal. *Déanfaidh mé* ~ *díot* 19, cuirfidh mé droch-chríoch ort.

droch-cheann *f.* Bhíodar ag caitheamh ~ leis 20, . . . ag caitheamh drochmheasa air.

droch-chor *f.* Drochghortú 20.

droch-chosúlacht *f.* Droch-chuma 20.

drochdhíol *f.* Drochíde. *An fear a tugu an ~ air ní rabh sé a' cuir stróbh ná míúséim air 24 scallann.*

droch-Ghaeilge *b.* Gaeilge bhriste. ~ *a bhí aige* 20.

drochghlúmar *f.* Drochlionn de chuid an choirp. *An drochghlúmar a chur amach thri do chraiceann* 20, an drochlionn a chur amach (le neascóid). *Ní fearr istigh an ~ sin* 20 (le duine a rinne mísc).

drochiarraidh *b.* Drochbhualadh. *Fuair sé* ~ 20.

drochintinniúil *aid.* Drochaigeanta. *Duine doen [daingeann] drochintinniúil a rabh do sheachaint air a b'ea é 24 duine.*

drochlá *f.* Lá dona ó thaobh aimsire 20.

drochlabhartha *aid.* Mímhúinte sa gcaint 19.

drochmhargadh *f.* *Tá mé sách luath ag ~ 19* ~ aisfhreagra ar an té a déarfadh 'Déan deifir!'

drochmhúinte /droxu:ní'ə/ *aid.* Mailiseach, olc (le duine) 20. *Chomh ~ le peata sionnaigh* 19, . . . *leis na heasógáí* 20.

drochmhúnadh /droxu:nə/ *f.* Mailis, mallaitheach (le duine) 20.

droch-ogach *f.* Ábhar éadóchais, mímhisiúil. *Ní bhfuair mé ~ ar bith uaidh* 20.

drochoíche *b.* Oíche drochaimsire 20.

drochóirí. *Ar na ~, go mí-ámharach. Ar na ~ dhúinne* 20.

drochshíon *b.* Drochaimsir 19. ~ *í an stoirm* 19.

drochshua /droxnu:/ *b.* Dreach míshláintiúil 19, 20.

drochshnúil /droxnu:l/ *aid.* Míshláintiúil as an aghaidh 20.

drochuair *b.* Drochaimsir 10. *Tá an-~ anois ann* 19.

drochuartha /droxuorha/ *aid.* Aimsir drochuartha 24A, droch-aimsir leanúnach. *In aimsir dhrochfhuartha* 27.1239.

dróibín *f.* Duine salach draoibeáilte, lao draoibeáilte. ~ *de bhean* 19. ~ *de lao* 19. *Mara sib na dróibíní ag imeacht* 19.

dróibinteacht *b.* Fidleáil le hobair, méiseáil. *Ag imeacht ag ~ leothab sin a bhí tú* 19. *Ag ~ oibre* 19. *Ag ~ leis an rud* 19.

droichead *f.* *Ní fhéadfaidh mé ~ a dhéanamh díotsa* 19, . . . gan cuid de rud atá á roinnt agam a thabhairt duitse. *Rinne sé ~ dhó* 20.

droim *f.* 1. *Dheamhan tochas a dhrama gheobhadh*

sé orthab 20, *dheamhan pingin . . . ~ ar ais, bun os cionn. Caitheadh ~ ar ais é* 20. 2. *Tiúrfaidh mé ~ le tóin dhuit* 19, iompróidh mé thú ar mo dhroim, agus do thóin liom. *Tiúrfaidh mé ~ le bolg dhuit* 19, . . . agus do bholg liom. 3. *Thar ~, cuid mhaith den am caite. Nuair a dhúise sé as a' chéad chodhladh in oí seo, d'éire sé go léim a ceapadh go raibh sé ar droim* 27.152. *Tá sé imí thar druim anois* 24, tá sé thar am a dhéanta. 4. *Dul ar dhroim duine, mealladh a bhaint as. Duine in airidhtear buile bog ann, is mian leo a ghoil ar a dhroim lén fháil níos boige. Tá daoine eile ann a thoens ar dhroim duine le na gcuid mílseacht chainte* 24. 5. . . . *go gcuire siad go [de] dhroim na talún iad* 24, go gcuirfidh siad [na rátaí] deireadh leo [mar fheirmeoirí]. 6. *Sí an stráic go bhean í is measa a sheas air dhruim í aríomh* 24 *stráic, . . . a sheas ar urlár tí.*

droimeáil *b.* Bualadh. *Bhuaíl sé ~ air* 20. *Ffr. dromáil.*

droimeannach *aid.* Droimeann 20.

droimíneach *f.* Beithíoch droimghéar 20.

droimín. Bualadh a chuirfeadh dronn ar dhuine, dronn. *Bhuaíl sé ~ air* 20. *Cuirfidh mise ~ ort* 20.

droimínteacht *a. br.* Iompar ar an droim. *Níor mhaith í an ~ 19. Ag ~ fheamainne* 19. *Ag ~ cléibh* 19. *Ag ~ aoiligh* 19. *Tá sé marbh ag ~ 19.*

droimnochtaí *aid.* Gan diallait. *Ag marcaíocht ~ 20. Capall ~ 20.*

dromacán *f.* Bríste ar chapall céachta 20.

dromada. 1. Cruit de thoradh buailte. *Chuir mé ~ air lér bhuaíl mé air* 20 (le asal). 2. ~ *veivít /v'e'l'v'it/.* Bualadh láidir. *Gheobhaidh sé ~ veivít ach a ngabhfaidh sé abhaile* 20. *Tiúrfaidh mé ~ veivít dhuit!* 27.

dromáil *b.* Bualadh. *An ~ agus a' liúra a d'fhách sé woja* 24 mí. *Chuir siad a' creatha na chraiceann le faitíos é leis a' ~ a gheáil siad dó 24 bailíonn. Har ~ mhaith bhualta a thabhairt gon dream a thóg siad, níor chaith siad éinne* 27.1489. *Thuar sé ~ bhualta* 24.

dromán *f.* 1. Cnocán ard. *Suas ar an ~ sin soir* 20. *Is maith an ~ móna é sin* 20. 2. Droim duine. *Chuir mé amach ar mo dhromán chuire fhód den mhóin sin* 20. *Cuir ar do dhromán é* 20.

dromannachaí *iol.* Cuirimse na ~ a chuir Mac Dé le hífreann nach ngabhfaidh aríst ann 20, diúltaim do dhul ann . . . *Bhluigh [bhlaoiagh] mé ar na ~ diaráis (=?) Dé nach bhfeicfinn aon afarc go deo aríst air* 20, ghuigh mé . . .

dromchlár *f.* Droim. ~ *an domhain* 20.

dronnleac /'dru:n'l'ak/. Leac ard, cruinn ina lár, agus ceann le fána ar gach taobh 19.

drú. *Cailleadh ~ is drúáin* [< duáin], cailleadh an chlampair. *Tá caille ~ is drúáin orthu ó hainig siad ina gcónaí air a' mbaile. Sin go bhfuil muintir a' bhaile thri (i)na chéile acu* 27.1432. *Tá sé mar a leagfa an ~ air* 19, tá sé [aicearra] an-díreach.

drucestí /dru:k]di:/. Greadadh buailte. *Buaileadh ~ air* 20. ~ *achrainn* 20.

drúchtín. 1. ~ *gréine* 20, drúchtín móna. ~ *stéibhe*

19, *id.* 2. *Doir* ~ / 20, agall deimhniúthe.

druideach *Druid* 20.

druidte *aid. bhr. Nach raibh an fharraige ~ acub?* 20, . . . lán leo.

druift /drift/. Luas seolta. ~ *mangaigh* 20, an luas (mall) a oireann don bhád ag iascach mangach. ~ *ronnaigh* 20, an luas (mear) . . . ronnach.

druigeáil *b. Greadadh buailte. ~ mhaith bhualite* 19.

drúil. ~ *fosta prófosta!* 20, - maolú ar 'dar fhuil íosa Críost? ~ *fosta prófosta, mo mhuirín is mo chroí thú!* 20.

drúitín. Dar fia! ~ *sea!* 20.

drúisúilacht *a. br. Cleachtadh na drúise. Ag ~ 19.*

druistéal *f. Doirteál, gairtéar* 19.

druma *f. 1. Bhí sé ann le buile an droma* 24 *ascail*, . . . go pointeáilte ag an am a socraíodh. 2. *Rinne sé ~ dhó fhéin léir ith sé* 20, líon sé é féin . . .

drumán *f. Burla ramhar. Bheadh sí 'na ~ 20,* bheadh sí [bó] líonta le gaoth. *Tá siad ina ndromáin* 20, tá siad [gamhna] an-ramhar. *Tá mé i mo dhumán théis na bhfataí* 20.

duailín *f. Toimín beag olaíne a fhágtar gan bearadh ar cheathrú na caorach mar chomhartha* 20.

duais *b. Guais. . . ach tú bheith as ~ 24 sciolladóir.*

dual' 1. *Tá ~ na droinne de bháisteach air* 20, tá go leor báistí air. *Buaileadh oiread air is a bhuaillf ar dhual lín* 20, buaileadh go leor air. *Déanfaidh mé ~ lín dhíot le mbuaillfidh mé ort* 20. *Rinne sé ~ lín dhó* 20, bhuaill sé é (i gcúis dlí). 2. *Ceangal na naoi n ~ 32,* ceangal áirithe (i seanséal).

dual' *b. Sonc gualainne. . . an chéad fhear a chuir ministéar air mhulach a chinn é le ~ 27.302. . . is iontach a' ~ a hug sé gon fhear mór. Chuir sé air mhulach a chinn é leis a' ~ 24. . . gon labhairt air a' ~ dhiabhalta a thug a leithide seo g'fhear* 27.1099.

dual' *f. Dúchas. Ba ~ ann é* 19, 20.

dualáil *b. Guailléail. . . a' dream a bhíodh a' breamú orthu a' ~ a chéile* 24. *Buailigí báire breá glan agus ná bígí a' ~ 24. Bhíodh ~ mhór ag imeacht san am sin* 27.1099.

dualainn' *b. Giota atá ag ceithre chúinne carr capaill taobh amuigh den chruib. Shuí mise air a dualain tosa agus shuí Mike air mhála brain a bhí sa gcárr* 27.83.

dualainn' *b. Gualainn. ~ bhreá leathan, . . . na dualí leathana* 24 *leathan. Bhí sé mtonnaí i dteach an oíl, ní chuir sé láimh as dualain aríomh aon fhear ba fairsne croí ná é* 24.

duán *f. Comhartha ceiste (focal a bhíodh ag gasúir scoile)* 19.

dubh' *ain. 1. Gan a dhubh ná a dhath ná a thuairisc le fáil* 20, gan aon rian de . . . *A ~ ná da ná tuairisc ní bhfuair mé* 27.672. 2. *An ~ ar an mbán, dallamullóg. Nach shé a chuir a' ~ air a' mbán acu* 24 *cuir. Chuir sí siud a dú air a mbán aige le cainnt, go mb'éigeán dó tóirt isteach duiche* 24. . . *go gcuire sén ~ air a' mbán dó 24 bladaire. 3. Giota beag. Cuir ~ na hiongan anonn é* 20. *Tabhair*

dhom ~ na fríde dhó 20, . . . oiread na fríde.

dubh' *aid. 1. Chomh ~ leis an ngnal ceártan* 19, . . . *leis an bhfiach ~ 24, . . . leis an bpota* 20, . . . *le tóin an phota* 20, . . . *le anam tincéara* 20, . . . *le tae nach mbeadh aon bhainne air* 20, . . . *leis an sméara dhubh* 19, . . . *leis an súl* 19. *Bhídís comh ~ le gabha ceártan* 19. *Dá mbeadh sé uair a' mheadn ó agus comh ~ leis a' bpúca* 27.1507. . . *fág aig a' deoch a bhí leis é . . . gan bainne ná siúcra air ach 'comh ~ le anam ministéar' mar a deireadh a seandream* 27.1518. *Comh fuar leis a' mbás agus comh ~ le anam ministéar* 27.1143. 2. (Le dath atá níos dorcha ná bán) *Foail dhubh* 20, 24, *foail thrua. Phúr ~ 20. Fataí ~ 20, fataí a bhfuil dath i leith corcra orthu. 3. (a) Claonta in aghaidh gnáthmhuintir na tíre. Nár bh é bhí ~ / 20. Níl beirt ar bith is duibhe ná iad* 20. (b) *An dream ~, na Sasanaigh is a lucht leanúna, na Protastúnaigh. Dream ~ a bhí iontu, chuig a' Teampal Mór a thoech siad Dé Dómhna (sin é an chaoi is mó a deirt é, bhfad ó chéile a d'abraoídh (sic) siad Protastúin)* 27.1041. *Tá an creideamh ~ aici* 20. *Bhí crinnú ag a' Dream ~ mar a tugtaí oru san am i Hál na Cathrach* 24 *fód. 4. (Mar fhocal treise) Ní raibh mise ann ~ buí ná bán* 20. *Ní fhiafróinn ~ bruíte bán ná buí dhó é* 19. *Ní raibh Samhra ar bith i mbliana ann ~ ná dath* 20.

dubh- 1. Réimír threise atá bisúil le hainmfhocail is le haidiachtaí. Bíonn dhá aiceann ar an bhfocal, ceann ar an réimír agus ceann ar an dara mír. 2. Dorcha. Is iondúil an t-aiceann ar an réimír agus fo-aiceann ar an dara mír.

dubh-airde /'du'aird'ə/. An-airde. *Tá sé sa ~ 20.*

dubhaithe *aid. bhr. Tá píosa mór ~ ó mhaidín aige* 20, tá píosa mór curtha . . .

dubh-bháisteach *b. An-bháisteach* 20.

dubh-bhocht *aid. An-bhocht ar fad. Bhí siad ~ 24.*

dubh-bhreac /'div,r'ak/ *aid. Breac agus dorcha* 20.

dubh-bhréagach *aid. An-bhréagach* 20.

dubh-bhróig *b. An-bhróig. Bhí ~ orm* 20.

dubh-bhuí /'duwi:/ 20, /'dubi:/ 19. Buí dorcha.

dubh-bhuíochas *f. An-bhuíochas* 20. *Ghlac mé ~ leis* 20.

dubhchainteoir *f. An-chainteoir* 20. *Tá sé ceapadh anois gur ~ é* 20.

dubhchaite *aid. An-chaite* 20.

dubhchladhartha *aid. An-chladhartha* 19.

dubhchrionna *aid. An-chrionna* 20.

dubhchroíúil *aid. An-chroíúil* 20.

dubhéasca *aid. An-éasca* 20.

dubhfholláin *aid. An-fholláin* 20.

dubhfhuar *aid. An-fhuar* 20.

dubhghamhain *f. An-ghamhain* 20.

dubhghéar *aid. An-ghéar* 20.

dubhghlas *aid. Liath dorcha* 20.

dubhghraín *aid. 'Green' dorcha. Gúna ~ 20.*

dubhláidir *aid. An-láidir* 20.

dubhléim *b. De dhubhléim, go tobánn. Go dholéim fua sé coiscéim ar aghaidh go dtí an doras* 24 *piobaire.*

dubhlúath *aid. An-lúath* 20.

dubhmhoch *aid.* An-mhoch 20.
dubhmhochóir *f.* An-mhochóir 20.
dubhmhór *aid.* An-mhór 20.
dubhsaibhir *aid.* An-saibhir 19.
dubshlaghdán *f.* Drochshlaghdán 20.
dubhtheas *f.* An-teas 20.
dúchan *f.* Rinne sé ~ inniu 20, chuir sé go leor prátaí.
ducsaí /duksi:/ 24, /duksi:/ 20. Buille. *Is géarr go woech sé ~ faon bpus 24 maireachtáil.*
dúda *f.* Piopa 19, 20. *A mbeadh ~ maith faighte aige . . . 20.*
dúdach *aid.* 1. Lom le talamh. *Rud air bith a bheithé a bhaint air a' talamh a bhaineas le féar nó arú deirtear 'bain ~ é' - nó 'géarr ~ iad' dá mar driseacha nó raitheach nó féochanáin a bheadh ionntu 27.1438. Sé féar is dúdaí a baintear seadh is éascaí a nglasann a' pháire ina dhiaidh 27.1438. Sé bhí a' tóirt a' bhearra go na droenachaí, ~ ceart le tala 24 bearrann. 2. Bain dlom ~ anois i [gruaig an chinn] 27.1438.
dúddán *f.* 1. Píobán na beatha sa duine is san ainmhí. *Séideog a chur siar ina dhúddán 19. Scaoil siar i do dhúddán é 19. Cuirfidh mé an maide siar i do dhúddán 20. 2. Muineál. Beir isteach ar dhúddán air 20. Rug sé greim dúddáin air 20.*
duián /di:a:n/ *f.* Abhac. *Chonaic mé an duián i nGaille inniu 24. Tá a shá g'anó air a' duián . . . an saol mór a' baint plaic as chuile lá go deo 24.*
duiche *b.* 1. Eastát. *Dá bhfaighinn ~ an Daingin ní dhéanfainn é 19. Ní chuimreoinn air dá bhfaighinn ~ an Daingin 19. 2. Fuair sé ~ na lachan 20, cuireadh amach as an teach é. Mara bhfanfaidh tú socair, túrfaidh mise ~ na lachan dhuit 20.*
dúid *b.* *Cuirfidh mé an scian go ~ ionat 20, . . . go feirc. Níor fhága sé liobar air amach ón ~ 20, bhearr sé a chloigeann an-dlúth. Tarraingeoidh mé ón ~ é 20, . . . ón 'rúta' é [bod] (focal magúil bagrach a deirtí le gasúr).*
dúidinteacht *a. br.* Ag caitheamh dúidín 19.
duifean *f.* Dúchan (galar prátaí). *Bhí an ~ ar na fataí 19.*
duifea(r)nach 20. Duifean. *Tá ~ ar an spéir 20.*
duilleog : dílleog.
duilleoigín *b.* Písín beag tobac. *Tabhair dhom ~ 20.**

duillíúirín *f.* Písín beag tobac. . . ~ tobac faoina fhiacail 19.
duine *f.* 1. *Na daoine, na daoine muinteartha. D'aithin sé as na daoine é 24, . . . as a dhaoine muinteartha. 2. ~ tíre 19, duine de mhuintir na tíre. 3. Daoine . . . daoine 'some . . . others'. Túrfaidh siad gloine do dhaoine agus dhá ghloine do dhaoine 20. Tá daoine in an go leor a ól agus daoine nach bhfuil 20.*
dúineann. 1. *Tá an lá dúinte 'un ceo 20. Nuair a bheas an dá mhíle seo dúinte 19, nuair a bheas an dá mhíle bliain seo caite. 3. ~ ar. Ar dúineadh ar na cearca? 20, ar dúineadh an cró . . . 4. Léine dúinadh thiar 20, cineál áirithe léine (a mbíodh pléataí ina tosach) a ndúntaí taobh thiar í.*
duinní. Bualadh mór. *Bhí sé ag déanamh ~ air 20, bhí sé á bhualadh go tréan. Ná déan ~ air 20.*
duirling *b.* *Tá an-~ acub ann 20, go leor prátaí ar an talamh tar éis a mbainte. An-~ fataí 20.*
duiséinne *f.* Dosaen 20.
dúistonn. *Dhúiseodh an t-éan é 20, is furasta é a dhúiseacht.*
dul : dol.
dul-un-cinniúil : dol-un-cinniúil.
dumantach *aid.* An-mhór. *Na coisméaga móra dumantacha damantacha 20 (i seanscéal).*
dúnmharú *f.* *Thug sé ~ air 20, thug sé an-bhualadh dó. Tá mé dúnmharaithe aige 20, tá mé 'marbh' aige (ag ualach trom).*
dur *f.* Smid chainte. *Níor fhág mé ~ aige 20. Ní raibh ~ ná dar aige 20. Ní raibh ~ Gaeilge aige 20. Ní raibh ~ as a bhéal 19.*
dúrabhánach *aid.* Faoi dhúrabhán. *Talamh ~ 19.*
dúshlán *f.* 1. As ~. (a) Chomh maith agus is féidir. *Chuaigh sé ina éadan as ~ arist 20, . . . ag iarraidh é a dhéanamh go maith. (b) Go láidir, go dúshlánach. Fighfidh mé as ~ é seo 20. Bhí an balla déanta as ~ 20.*
dusta *f.* ~ bán, - D.D.T. *Bí buíoch gon ' ~ bán' a déaras duine (sin é an D.D.T.) nó bheach na dreancaidí cho dona le ríomh 24 dreancaid.*
dustaí. 1. Achrann 32. 2. Gairfean. *Is gearr uait ~ 20. 3. Gheobhaidh siad ~ faoin tsróin 20, . . . cnámh le crinneadh. 4. Bhain sé ~ as 31, bhain sé obair mhór as.*

E

é for. Amhlaidh. *Ní hé dhuit 20. An é nach gereid-eann tú mé? 20.*
ea¹. *An ea?* i gceist ag brath ar abairt nach raibh an briathar is ann. A. *mBeidh aon duine agaibh ag goil soir arú amáireach, a Jude?* B. *Ní bheidh. C. An ea?* 20. A. *Nach bhfuil dreabhar dó pósta le . . . B. Níl. A. An ea? Shíl mé go raibh 20.*
ea². *Ar ea nó ar éigin 20, ar ais nó ar éigin.*
éadach *f.* 1. *Gan snáithe de na seacht n-éadaí air 20, é an-ghioblach ar fad. Gan falach na seacht n-éadaí air 20, id. 2. Tá sé imithe faoina chuid éadaigh 20, tá sé éirithe an-tanaí. Deabhal blas ach go bhfuil*

iompar a chuid éadaigh ann 20, tá sé an-lag. Bhí sé ag brath ar imeacht as a chuid éadaigh 20, bhí sé ar tí dul le buile nó le mire ghaisce. Ag imeacht as a chuid éadaigh agus ag cailleadh na céille 20. 3. D'éire an t-éudach amach go mo chraiceann le faitíos 24 locaíocht. 4. ~ aifrin, culaith aifrin. . . . duine as a mbaile a bhron dhó na h-éadaí níl aifrin a bhí air 24.

éadail *b.* (Go searbhasach) *Nach é an ~ é! 20, nach é an fear breá againn é! Nach agat atá an ~ ag tíocht 20, nach agat atá an duine gan mhaith, duine achranach . . .*

éadan *f.* 1. Taobh cothrom ar chloch. *Cloch í sin a bhfuil ~ aici* 20. *Tá ~ deas uirthi* 20. 2. Ceann nó deireadh leapa. ~ *ná leapa* 20. 3. *Balla éadain an tí* 24A, balla tosaigh an tí. *An balla éadain go chaideógai móra ceithre cornéil a bhí tóici leis an mbóthar* 24 *farráige*, an balla tosaigh (ar ghairdín) . . . 4. *As béal ~ a chéile*, ar fad i ndiaidh a chéile 20. 5. *Gearradh éadain*, gearradh ar fad i ndiaidh a chéile. *Tá gearra éadain a goil ar a' gcoel níl siad a' fágáil aon chrann amháin na sheasamh* 24 *gearradh*. *Chuir siad gearr' éadain ar a mbaile* 24 *gearradh*, shiúil siad gach teach ar an mbaile. 6. *Sin iad na fir a rabh an dá ~ acu*, a bheadh 'na charaid inniu agat agus a chrochadh amáireach thú 24 *peist*.

éadarú *a. br.* Faire ar dhuine le deis a fháil dochar a dhéanamh dó. *Chua siad air scá an toim ag éadarú air a' bhfear go bhfeiceadh siad a rachach sé ag a' teach* 24. *Bhí sé ag éadarú air agus é a' caint a' sgiorach focal a' bich woe a mbéarach sé háll air* 24. . . . *iad istí i dtom mór driseachaí i bhfalach air bhéul bóithre ag éadarú air fhear a bhí tíocht ag iarra bean air a' mbaile* 24 *cóiste*. *Fua sé ann, ní n'fháin é ach aig éidearu cén chaol a rachach a' bonn* 24 *mionna bréige*.

eadra /a:dəra/ *f.* Tamall. 1. *Chaith mé ~ maith ann* 20. *Chodáil mé ~ maith* 20. *Tá an chéad ~ codlaithe agam* 20, an chéad dreas . . . 2. *Chaith mé na hádaraí ag fanacht* 20, tamall an-fhada. *Chaith mé na húdaraí ag fanacht* 20, id. 3. *Bouta sa naoi n-eadra a deirtear 'gach's' 24 gach*, go h-an-annamh.

eadrascán /a:drəsga:n/ *f.* Eadráin. *Rinne sé ~ eidir iad* 19.

éadroimeacht *b.* Éadroime. *Le teann ~ 20*, le teann mire.

éadrom *aid.* 1. *Cho éadrom le sop* 24, 20. *Chomh h~ le slisín lín* 19. 2. *Beag. Bhí an pháil an~ an uair sin* 31. 3. *So-chorraithe chun feirge. Ní fhéadú breanú díreach air tá sé cho héadrom sin* 24. 4. *Éadromhain. Ní thiucca an bád isteach anseo mar tá an t-uisce an ~ ann* 24. . . . *agus cile beag sa gcaoi go snámhadh sí air uisce ~ 27.76. B'fhaide leis ná fíos a shaoil go mbainfheadh sén tuisce ~ amach* 27.18.

éadromaíonn. Éiríonn éadromhain. *Tá an t-uisce ag éadromú, má sheasann a' triomach is gearr g'uisce an-bheag é* 24.

éadromán *f.* *Tá mé m' ~ anocht le bhfuil ólta agam* 20, tá mé líonta chomh teann le héadromán . . . *Bhí sé n' ~ lé raibh ite aige* 20.

éaduil *aid.* Éadmhar. *Bíonn cour bhean tuaf an~ nuair a fháns bean eile sócrú síos math* 24. *Ní féidir tangachtáil leis sin, tá sé ~ 20*.

éag *f.* 1. *Go h~ na hola*, go brách. . . . *nach gcloisfhir go héag na hola ríst* 27.195. *Go h~ na hola ríst ní fheicfir a' solas sin* 24 *naomh*. *Ní dheacha a leithid go thraen air ráile an Chlocháin ó deanamh é, agus ní racha ná go héug na hola* 27.1496. 2. (a) *Go dté mé in ~*, go gcailltear mé. *Níl aon lá go dté /d'ai/ mé in ~ nach*

gcuimhneoidh mé air 20. (b) *Tá sé goite in ~ 20*, tá ar tí báis. 3. *Go h~*, ar fad. *Is deabhlá go h~ an fear é* 20. *Is iontach go h~ 20*.

eagán /uga:n/ *f.* Nuair a d'airridh na mná a bhí istí cad a dúrú is beag nár ime a' tiogán astu 27.924, . . . tháinig an-díomá is fearg orthu.

éagann. Imíonn as, éiríonn lag. *Tá mé éagtha ag a' fíú 20. Is deabhlá d'éag sé* 20, . . . a chua sé chun laige. *Tá sé sách éagtha* 20. *Tá fear ar bith éagtha acub atá dhá n-ithe le tart* 20.

éagaoineach *aid.* Éagaointeach. *Bhí sí an~ 19* (le bó bhí ag osnaíl, etc.).

éagaoineann. 1. *Ag éagaoín*, tinn. *Bhí sé ag éagaoín le fada* 20. 2. *Déanann clamhsán faoi, deireann go bhfuil sé tinn. Níor éagaoín sé an buille* 20. *Ní raibh blas éagaoín aige air* 20. 3. *Tá tinn le. Ag éagaoineadh tinnis cinn* 20. *Ag éagaoín a ghoile* 20. **eagas**. Teagasc. (Sa leag.) ~ *Críostaí. San ~ Críostaí* 20, 24 *creidiúint*.

éagmais *b.* Cumha. ~ ar, cumha i ndiaidh. *Bhí ~ mhór ag muintir a bhaile air Miss Brown nuair a cloisiu scéul a báis* 27.59. . . . *aon fhear amháin ba mhó a rabh an oiread ~ air nuair a hainic ségul a bháis* 24 *buailteann*. *Is mór an ~ a bhí ar a' mbráthair bocht nuair a fuair sé bás* 24 *altóir*.

éagnaíonn *br. ais.* Éagaoineann. *Á mbeinn tinn fhéin ní éagnóinn é* 20. *Ná héagnaigh é* 20.

éagóir. *D' ~ do*, is éigeart do. *D' ~ dhuit ocra* a bheith ort is gearr ó bhí tú ag ithe cheana 20. (Is é) *d' ~ Dé do*, id. *D' ~ Dé dhó a bhac leis* 20. *Bhí sé ag clamhsán agus sé d' ~ Dé dhó é* 20.

eala *b.* ~ *fhidáin*, eala ghlórach. *Tá an a' fhidháin an-choithíoch* 24. *Níl na h-alaíchaí fídháine baol cho geal sa gcúch le alaíchaí na háite* 24.

ealaín *b.* 1. *Caitheamh aimsire. Ní ~ a' bich ag iompur na sacanaí sin i geatha an lae agus iad go béul le arúir* 24 *sac*. 2. *Ealaíneacha*, rudaí 'galánta', fruigisí. *Bheana sé paidríní agus go leór ealaíneacha beag eile nuair a bhí sé a' críochmú an Mhissiún* 24 *beannaíonn*. . . . *cácaí mílse agus ealaíneacha eile* 27.48.

éalaíonn. 1. Imíonn as úsáid. . . . *sloinneacha a bhí ar a' mbaile fadó . . . a d'éalaigh amach go bhárr imeacht go na hOileáin* 24. *Má éalaíonn treabh [treabhadh] na gcapall éaló ainim gach nídh cho maith a bhí a' díona suas a' chéachta* 24 *céachta*. 2. ~ *as*, éiríonn as de réir a chéile. *Ach bhí siad ag éalú aistí i leabhadh a chéile* 24 *scitheog*. 3. *Fáigheann bás. Iad an rabh mé na n-eolas ó bhí mé mo phutach . . . atá siad uile éalaigh nois ach duine fánach* 24. 3. *Lá a d'éalaigh /la: d'e:la/ 19*, peata lae.

ealaíontóireacht *a. br.* Cleasaíocht, beartaíocht. *Ag ~ 20*.

eallach *f.* (a) (Le ainmhithe) *Siad na luchain ~ na mallacht* 24 *luch*. (b) (Le daoine) dream. *Siad an t~ deireanach iad* 20. ~ *an mhí-ádh iad sin* 20. (c) (Le rudaí) *Ní ~ ar bith iad* 20. (d) (Le hobair) *Sé ealach a' deouil dá cheangal go bhárr na ndeiligne* 24 *dealg*.

ealt *f.* 1. *Saithe. Bhfaca tú an t-alt smeacha a fua*

anoir san aer inniu? 24. *Alt míoltógaí* 24. 2. *Báire. Nuair a thagann alt mór acu [ronnacha] isteach sa gcian i nGaille is aisteach a spóirt é acu ag iascaireacht oru 24 fóimhar.*

Éamainín a' truisneog. 'Wagtail' 31.

éan f. 1. ~ an dá dhrioball, fáinleog. *Ó lá fheil Páruic amach bheach súil agut le ~ a' dá rubail 24. ~ a' dá dhriobail 27.1311. 2. ~ Bealtaine, cineál crotaigh 24. 3. Rabharta na n-~ 20, rabharta na Bealtaine. 4. ~ aille, páiste neamhdhísteanach 19. 5. *Bhí sé cho lastai suas is go n-aithneóch éunachai an aéir air go ra lán in a bholg 24 lasann.**

cang /ag/ /aŋg/ b. Bearna idir na 'fíacla' ar dhuilleog planda. *'Eagannaí isteach' inti 32.*

eangach' /agəx/ 24, /aŋgəx/ 20. An ~ a thabhairt (*leat*) ó, éalú ar éigean as guais. *Is iomaí coilleach . . . a hug an eangach leis ó'n sgian 24 féile. Cheap mé . . . go m'bhféidir go dtabhairfhinn an eangach wofo 27.32. Thug sé an eanga (sic) uaidh 20.*

eangach' b. Iall súiste. *Bhí trí chuid sa súiste, an colpán, an buailteán agus an eangach . . . an eangach an píosa de thou an leathair bhíodh ag ceangal a' phéire 24 colg.*

earasbarr /'arəs'ba:r/ f. Farasbarr. *An t-earasbarr 24. Níl sé ceart a ghoil san ~ ar Dhia 19, ní sé ceart máchail ar dhuine a lochtú, is é Dia a rinne é. Ag iarraidh a ghoil san ~ ar Dhia 19, ag iarraidh dul chun cinn níos mó ná 'gheall Dia duit'. Bhí siad ag baint ~ dá chéile 20, bhí siad ar aon chéim donachta.*

éarlais : éirnis.

earra b. (Le bia) *Is maith an ~ le n-ithe iad 20. Sin iad [faochain] an ~, bruite 'na gcuid sí 20. Sí an ~ nú é a fheiceáil 19, is nuacht bhreá . . .*

Earrach f. Nuair a bhí an t-~ curtha aige 19, nuair a bhí an síol curtha sin Earrach aige.

earráid /'ara:d/ b. Dochar. *Ní raibh aon ~ ann 32. Bu bheag an ioráid a' fear bocht 24 creideamh.*

casair : fasair.

éasca aid. *Chomh h~ le meach, . . . leis an ngaoth, . . . le mionnán míosa, . . . le glasóig 20. Bheadh sé chomh h~ dhuit gad a dhéanamh de ghaineamh le . . . breith ar an aer le . . . breith ar an ngealach le . . . 20.*

eascainn b. ~ na mboilg gheala a bhíodh a' rithe chuile am ann 27.489. ~ locha, ceann mór, bolg bán fúithi 20. ~ ribe, eascann a deirtear a fhásann as ribe róin [capaill] 20. ~ srutháin, ~ talúna 20, eascann fíor-uisce. ~ nimhe 20, eascann a bhfuil dhá chluais agus moing uirthi, a deirtear. *Chuir sé cluais na heascainne air fhéin 20, d'éist sé go haireach. Chomh sleamhain leis an ~ 20. Shílfeá gur dhá shúil eascainne tá ann 20, tá súille an-ghéar, an-mheabhrach aige.*

eascar. In ~ sa rópa 19, in achrann . . .

easna b. 1. *Thug mé mo cheithre ~ uaidh 20, d'éirigh liom imeacht uaidh. Thug sé faoi na heasnacháí dhó é 19, bhuaíl sé é. 2. Deabhal, deamhan ~ do, is beag nach . . . Dheamhan ~ do Bhríd nár bhain sí an cloigeann dhó 20, is beag nár . . . Deamhan ~ dhom nár bhuaíl isteach i ndiaidh*

mo mhullaigh ann 20. 3. ~ den tsean-dair 24A, duine a thugann leis tréithe (maithé) an athar.

easnamh. *Tiúrfaidh sí ~ dhuit 19, tabharfaidh sí an méid (snátha) atá in easnamh ort duit.*

easóg b. 1. *Bheadh síúl easóige air 20, bheadh pairilis air [beithíoch] do thoradh easóg a theagmhaigh leis (piseog). Deabhal codladh [a rinne mé] ach oiread leis an easóg 20. . . éisteacht na heasóige a bheith agat lena chloisteadil 19, éisteacht an-ghéar. 2. Duine achrannach míoscáiseach. Nach é an ~ é 20. Ní raibh aon easóg ann leis 20.*

easonórach aid. Tuirsiúil le hoibriú. *Ní rabh an láí cho dona leis a speal á easonórat dá rabh sí 24 béal.*

easpa b. Easnamh. 1. ~ ball, ball beatha a bheith in easnamh nó máchailleach. *Tá sé ar ~ ball 19. Is iomaí duine a bhfuil ~ ball air 19. Níl aon ~ ball uirthi 19 - le bó a raibh sine mhuire (sine breise) aici. 2. ~ a bhaint as, é a lochtú. Níor lig sén teampal mór hairis gan ~ a bhaint as 24 farrage. Níor aire duine a' tóirt ais-fhreacha woe ariamh é ná a' baint ~ as dhuine (sic) bih beó 24 naofa.*

easpag f. Dheamhan bréag bhí sé a dhéanamh ach oiread leis an ~ ar an gcúis 20.

easpaicil b. Ospidéal. *Is bréag an ~ i 20.*

easpúch aid. Easpach 20.

éicín(t) /ə'k'i:n'/, /ə'k'i:nt'/. Éigin 20, 19. (a) (I ndiaidh aid.) Ar chaoi éigin. *Tá sé cho haisteach éicint 19. Bhíodar meabhrach éicín 19. Tá sé deas éadrom éicint 19. Ag breathnú chomh mall éicín 19. (b) (I ndiaidh a. bhr.) Bhíodar a' rúpáil éicint le carr 19.*

éidhneán f. ~ talún 24A, 'convolvulus'.

éidir. 1. ~ muid féin 20. ~ sib, ~ iad 19, (chomh maith le eadrainn, etc.). 2. *Ní chloisfeá ~ na daoine é 20, ní chloisfeá á rá é i measc na ndaoine. Níl mórán ~ inniu agus amárach 20, - focal a déarfai ag moladh go gcuirfi gnó siar go dtí amárach. 3. Is cuma liom eatrab 20, mar a chéile liom iad.*

éigéill /e'g'e:l'/ aid. Beithíoch ~ 20, beithíoch fiáin.

éigin' Éigean. (Le treise) *Ar ~ a fuair sé é 20.*

éigin? : éicín.

eile aid. 1. (I ndiaidh aid. thais.) *Fásfaidh siad sin ~ 20. An fear sin ~ 20. 2. Sin é fhéin an gabha ~ 20, . . . gabha gan mhaith. 3. (Le ainm dílis) Dónall ~ a bhí air 20, 'Dónall' a bhí air sin freisin. Bartla ~ a bhí air a' mac 27.1193. 4. Is beag ~, is beag nach. Is beag ~ go dtóigfí é 20, is beag nár tóigeadh é. Is beag ~ nach n-éireodh leis 20, is beag nár éirigh leis. 5. (I ndiaidh for.) *Ní chualadh mé cé hiad ~ a bhí eiri le linn Thomás Bhetty 27.512. Hé bí cé dhó ~[ar] thug tú é 20. 6. (Athrá for. ceist. ina dhiaidh) Céard ~ céard é fhéin? 20. Céard ~ cén t-ainm atá uirthi? 20. 7. Freisin. Tóir ceann ~ acub sin [cupán uisce] dhomsa a Bhaib 20 (ag Baib a bhí ceann, ní raibh ceann ar bith ag an gcainteoir).**

éileacint. *Bhí ~ air 20, bhí a shliocht air. Bhí ~ orthab, ní dheachadar ann, mo léan 20.*

éilic : éiric.

eilid b. Bilit. ~ mhaol 19. I ndiaidh na heilide 19.

éilim *b.* Éirim, meabhair chinn 21. *Ní mórán ~ a bhí ina chuid cáinte* 20. *Bhí ~ mhór mhillteach iontab* 20. ~ *chinn* 20. *Ffr. féilim.*

eiltreog *b.* Eitleog. *D'éirigh sí [cearc] d' ~ 19.*

éindi. *In ~ le, chomh maith le. In ~ leis an áit a bheith tanaí bhí an-tsruith ann* 19.

éimin *f.* ~ *na gcluas* 20, sciathán leathair.

eipinn *b.* Obainn. *Thug mé ~ a thócht* 19, . . . *iar-racht. Thug sé ~ ar a ghoil ann ach ní dheachaigh sé* 19.

eire. *Ar eir' ag, riachtanach. Tá sé air eir aguibh deifir a dhíona nó beidh sibh diornach aig an Aiffrion* 24.

Éire. 1. *Dá mbeadh ~ taobh le, dá mbeadh gach duine in Éirinn ag brath ar . . . 'Shíl mé' a deir sé 'dá mbeadh ~ taobh liom gur báite a bheinn.'* *Bhéarfadh an leabhar dá mbeadh ~ taobh leis go raibh sé réidh* 27.1433. *Shíl mé nach n-éireodh sé dá mbeadh ~ taobh leis* 20. 2. *Dá bhfaigheadh sé ~ bronnta, ar rud ar bith. . . ní leacadh siad a' láimh eirí ní airim breith eirí dá bhfách siad ~ bronnta* 24 *eascann. Ní bheinn in ann é fhágáil dá bhfaighinn ~ bronnta* 20. . . *dhá bhfách sé ~ brontai ní chuireach sé an deoch go dtí na bhéal* 24 *creathach.* 3. *(Le treise) In Éirinn. Níor mheasa dhó in Éirinn é* 20. *Níorbh fhearr liom in Éirinn é* 20. *Sé an chéad mhaith in Éirinn níonn sé chuile mhaidín* 20. *Ba é an chéad rud in Éirinn a tharraing sé chugam* 20. 4. *(Le treise) Éireann. I bhfad Éireann níos fearr* 20. 5. *Muintir na hÉireann. M'anam gurb shin é leath na hÉireann* 20. *Breathnaigh a bhfuil de mhúinteoirí anois ann, mhúinidís Éire* 20. 6. *Nuair a tháinig muid amach ar fud Éireann* 19, *nuair a d'fhág muid an t-oileán [Másan, nach bhfuil ach tamaillín ón gcósta] agus tháinig go hÉirinn.*

eireaball : **driobal, ruball.**

Éireannach *f.* Duine bhfuil grá don tír aige. *Nár iontach an t- ~ a bhí ann* 20. *Bu te a' t- ~ an séipneach* 24 *ceann.*

éirí /air'í:/ 1. *Bhí an oiread ~ faoi* 20, bhí an oiread gothaí gaisciúla air. 2. *Le m' ~ suas-sa* 32, le linn dom a bheith ag éirí suas. 3. *Sracadh ó iasc. Nuair a d'fhách siad ~ (sin a' corca a ghoil síos)* 24 *iascaireacht. Ní rabh an tslat i bhfad cáite mach ag mo dhuine nuair a fuair sé ~ 24 iascaireacht.*

éiric' b. Fíneáil. *Fua ~ throm air* 24.

éiric' b. Éilic. ~ *na láí* 24A. *Máilín beag agus é ceangailte gon fheac aig an ~ aige* 24 *spailpín.*

eiriceach *f.* Duine fealltach neamhscriuballach, duine cruálach le hainmhithe 20.

éirim : **éilim, féilim.**

éirionn /air'í:n/. 1. *Tagann slán ó thinneas. Dá mbeithéa tinn, bheadh a fhios aici go n-éireofa* 20. *Bhí chuile dhuine a rá nach n-éireodh sé is nach n-éireodh sí fhéin* 19. 2. *(Le cúrsaí ama) tagann chun. (a) Bhí sé g'éirí cótrá go maith* 24 *macalla, bhí sé ag tarraingt ar an gcomhthráth go maith. (b) . . . agus é ag éirigh 'na thráthnona go maith* 24 *Bóthar Shiubháine. . . gur eire sé suas 'na mheán lae* 24 *luch.* 3. ~ *ar. (a) (Le cúrsaí céille) D'éirigh*

sa gceann air mhac Connoir ansin 27.605, *chuaigh sé as a chiall. D'éirigh an cloigeann air* 20. (b) *(Le cúrsaí ama) Níl lá dár éirigh air nár. . . 20. Chuile lá éiríos ar a shuíl* 20. 4. ~ *do, teagmhaíonn le. . . gur teara a d'éirigh [dó ola]* 20. 5. ~ *i. Mara ndéanfadh tú suimreas éireoidh tú in do chloigeann* 19, . . . *éireoidh do chloigeann ort.* 6. ~ *le, tarlaíonn do. D'éirigh liom a bheith ag breathnú síos uaim* 20. *Níor éirigh leat go dtug tú isteach é?* 20. *D'éireodh sé leat go ndéarfá mar sin é* 20. *D'éirigh leis go raibh an lá go breá* 20. 7. ~ *suas, tarlaíonn. . . nuair a éiríonn timpist suas* 24 *trioblóid.*

eireog : **ileog.**

éirnis *b.* Éarlais. *Cé is túisce a chuir ~ inti?* 20.

éiseal *f.* Col. *Bhí ~ mór roimh a' mbás sa gCarghas aig sean ndaoine an bhaile fadó* 24 *paidreoireacht.*

éistiúil *aid.* Éisealach 20. *(Éisealach freisin* 20, 19).

éisteann. ~ *le, (a) Éirionn as. Caithfidh mé éisteacht leis* 32. *Tá sé [ag] cinnt orm éisteacht leis* 19. *Bhí sé éistithe le scoil* 19. *D'éist sé 'lig léithe* 19, *d'éirigh sé as a bheith ag smaoinreamh ar í a cheannach. (b) Ní bhacann le, ní chuireann isteach ar. D'éistfínn leis an teach atá a'm* 20, ní bhacfaínn le athrú ar bith a chur air, d'fhágann é mar atá sé. 2. *Éisteacht, foighne. Is iontach an ~ a bhí aige* 20. *Bhí ~ mhór aige leis* 20.

eite *b.* 1. *Ball stiúrtha is cothromaíochta éisc. (a) Eitiúchá, coig le cantal. . . é siúd [fear] thuas agus eitiúchá air* 20. *Seobh í an aimsir anois a chuirfeadh eitiúchá ar dhuine* 20. (b) *Thug mé na heitiúcháí uaidh* 20, bhain mé mé féin as a ghreim is d'éalaigh mé uaidh. 2. *Na cheithre ~, ceithre ghéag an duine. . . is gan ann ach na cheithre ~ 20, agus é an-tanaí. Nar laga Dia do cheithre ~ !* 20, - *focal molta le bean a bhí ag gabháil amhráin.*

eiteallach *f.* Geiteadh, biogadh. . . *agus é [capall giongach] ag ~ faoin gcarr.* 20. *Níor stop sí feadh na hoíche ach ag ~ 20. Ag ~ le cantal* 20.

éitheach *f.* Bréag. *Tá ~ agat orm* 19, tá sé de chéad agat 'thug tú th' ~' a rá liom, mar go bhfuil tú níos sine ná mé. *Tá ~ agam ort* 20. [Dá ndéarfadh sean-duine 'Thug tú th' ~' le duine óg, d'fhéadfadh an duine óg 'Is fearr an óige ná sin fhéin' a rá mar aisfhreagra].

éitheadóir *f.* Éitheoir 19.

eifinne *b.* Eitinn. ~ *na leanna duibhe* 19, eitinn a cheaptar a tholgtar de bharr buairimh. ~ *ó nádúr* 19, . . . *ó dhúchas.*

eitleog : **eiltreog.**

eod /od/. Seo, sin. *Tá mé ceapadh nach ~ é uisce an tobair* 20. *Ab ~ é an cáca?* 20. *Ní h ~ iad an dream iad* 20. *Ab ~ é a'inn é?* 20.

eolas *f.* Duine gan aithne gan ~ 19, stráinséir amach is amach nach mbeadh eolas ar bith air. *Ní ~ mé an t-ainm sin a bheith thart* 33. *Níl sí in m' ~ níos fearr* 20, níl bean níos fearr ar eolas agam. *Ní n ~ dom é* 20. *Bhí ~ maith a'm ann* 24A. *Tá oiread eolais a'm air is tá a'm ar mo leaba* 19.

eolasach *aid.* Eolach 20.

eorna *b.* ~ *mhór* 19, 'Hordeum vulgare' a bhfuil

idir ceithre agus sé shraith spícíní sa spíce. ~ *bheag* 19, *Hordeum distichon* ina bhfuil dhá shraith spícíní sa spíce. ~ *braíche a bhí dá cuir air fad san*

am 27.1481. ~ *na cheithre ró* 32, *eorna mhór* (q.v.). ~ *an dá ró* 32, *earna bheag* (q.v.).

F

fab. Buille. *Thug sé ~ dhó* 20. *Thug mé ~ go mchloigeann faoin vándoras* 20. *Thug sé ~ dhá chloigeann dhó* 20.

fabáil. a. br. Bualadh. *Ag ~ a chéile* 31.

fabhairne. Fear ~ 20, fear fabhair.

fabhairt b. 1. Ionsaí. *Thug sí [bó] ~ fíú* 20. 2. Íde béil. *Thug mé ~ faoi* 20. 3. Seile tobac a chuirfí faoi shuíl caorach a mbeadh cabh (?) [tinneas] uirthi 20.

fabhlacht aid. Fabhtach. *Fataí foultach go maith iad sin a breaná* 24. *Amantai aimsir theasúch gheofá feoil an-fhoultach i gcour-steala* 24.

fabhar /fawər/ f. 1. *Bhí Dia i bh~ leis nár bádh é* 20. *Le ~ atá chuile shórt ag imeacht* 20. 2. Cúnamh. *Ach a' bád a choinneáil le bruach leis a' taobh shiar gon ouin mar ~ ón sruth* 24 *caitheann.*

fabhláilte aid. Míchneasta, éagórach 20. *Nach ba ~ an duine a bhí ann* 20.

fabhláilteach b. Míchneastacht, éagóir 19.

fabhra : fora.

fabht f. Locht. *Tá an ~ ann ina dhiaidh sin* 19, tá sé gortach suarach ina dhiaidh sin.

fabhtáilte aid. *Tá siad [prátaí] ~* 19, . . . *fabhtach. Tá an t-urlár ~* 19, *rodtha, lobtha.*

fabhtaíonn. Éiríonn *fabhtach* 20.

fabóg b. Buille. *Thug mé ~ den mhaide dhó* 19. ~ *de chlabhta* 19.

fachnaí. Le ~. 1. Gan cuimhneamh, gan beartú roimh ré, le neamhchúram. *Ait a' bhíh a gcastaí cearú chaorach leis le ~ tharinníodh sé é* 27.22. *Le ~ a dúirt mé é* 20. *Le ~ lá, rug mé greim dhá mhéir air scamal ceann acu* 27.1303. *Réis a' píopa dheargu . . . cha mé an match uaim le ~ . . . agus choinne mé a' siúl liom. Is gearr go bhfaca mé an deatach* 24. . . . *feabar cén chaoi le ~ ar shá mé mo chloigeann eidir na dá bhearr . . .* 27.392. 2. De sheans. *Tharla sé le ~* 20. *Is iomai dóiteán agus timpist mhór a tháiríonn le ~* 24. (*Fachnaois* freisin 20).

fad f. agus b. 1. (a) (Samplaí b.) *An fhad céanna* 20 (cf. *an oiread céanna*). *Tá sé an fhad ó shin anois . . .* 20. *Ná bí an fhad eile leis* 20. *Bhí sé an fhad ann is . . .* 20. (b) (f. de ghnáth) *Tá ~ maith ann* 20. (gu. ~) *aithne ~ ar an tráthnóna* 20. *Bhí a dhóthain ~ ann* 20. 2. ~ *a chuir as* 20, é a fhadú. *É [gúna] a scaoileadh síos sa bh~* 20. 3. ~ *góil bhrosna* 19 (a bhíonn tagtha ar an tráthnóna faoi lá chinn an dá lá dhéag, an t-achar a chaithfeá ag bailiú gabhála broсна.) 4. *Ar fhad, ar feadh. Ar fhad an lae* 31. *Ag obair go crua ar fhad an lae* 19. *An lá a mbeitha ime ó'n teach ar fhad a' lae . . .* 24 *gail. Bhí sé na stoirm ar fhad a lae* 27.115. *Ar fhad scaithimh* 31. 5. *Ar an bh~ sin*, le linn an ama sin. *Ní raibh smid as a bhéal ar an bh~ sin* 20. 6.

Ar an bh~ a caitheadh, a bhí caite, roimhe seo, sa seansaol. *Bhí sé ceart ar an bh~ a caitheadh* 20. *Ach ar an bh~ a bhí caite níorbh fhéidir aon bhlas dhó a fháil* 20. *Is amhlaidh a bhíodh sé ar an bhfad a bhí caite* 20. 7. *Ar a fhad, ar a dheireanaí. Ar a hocht a chlog, ar a fhad* 20. 8. *I bh~, achar fada ama. (a) Níl sé i bh~ saoil ó bhí . . .* 19. *Níl sé i bh~ blianta ó shin ó . . .* 20. (b) *Bhí sé cintí air Éire [i] bh~ gon tsaol aon cheart bhaint go Shasanaí* 24 *cinneann. . . i bh~ den oíche ann* 19. . . . *agus i bh~ an lá na dhiaidh sin* 27.36. *Ní raibh fhios agumsa sin go raibh sé bh~ an lá cáilte. Bhí sé bh~ an lá na dhiaidh sin . . . gur tarraingíodh suas . . . aríst é* 24. 9. *I bh~, deireanach. Níl sé i bh~ fós* 20, *níl sé deireanach san oíche fós*. 10. (Le treise, le breischéim) *Ba mheasa é i bh~, i bh~* 20.

fada aid. 1. (a) *Chomh ~ leis an saol* 20 . . . *le bliain* 20. *Cho ~ le ráith an Earraí* 24 *Earrach. Bhí sé mionai a' pioca suas scéul dá mbeach sé cho ~ le ráith' an Earraí* 24 *piocann. Chomh ~ le binn de shliabh* 20. *Chomh ~ le mún Eilís* 20. (b) *M'anam nach blianta fada ó . . .* 20. 2. *B'fhada liom, b'fhaide liom. B'fhada liom ná mo shaol go rabhas imithe* 20. *Is ~ liom ná fios mo shaoil go . . .* 20. (*B'fhoide liom* 20 *freisin*). *B'fhaide leis ná fios a shaoil go mbainfheadh sén t-uisce éadrom amach* 27.18. 4. *Deireanach. Níl sé ~ fós* 20. *Tá sé níos foide ná sin* 20. *Tá sé níos foide ná cheapfá* 20. *Inniu an lá is foide a d'éirigh sé* 20. *Is ~ inniu gur éirigh tú* 19. 5. *Chomh ~ le. (a) De réir. Chomh ~ le mo thuairimse, . . . le mo bhairí, . . . le m'eolas, . . . le mo mheabhair* 20. (b) *Chomh ~ 's, de réir mar. Chomh ~ is is léar dhomsa, níor tháinig sé* 20. (c) *Suas le, oiread le. Bheach cho ~ le seisear fear fáití aige len fhódú* 24 *fódaíonn. Bhí chomh ~ le scór nó thille crainn hart timpeall lei* 27.450. (d) *Maidir le. Chomh ~ is a bhaineas sé leis na trólars, ní raibh siad ag cuir mórán as dhóib* 20. (e) *Tá sé lán chomh ~ is a thoil ceann ann* 20, *tá sé lán ar fad. Tá sé lán chomh ~ is bhí áit do cheann ann* 20. 6. *Achar fada. Níl sé an fhada blianta ó bádh é* 20. *Bain ~ nó gearr anois as an méid sin. Sin a ngeobhaidh tú* 20. *Is foide bhain tú as do bhosca ná mise* 20. 7. *Le fada. Tá eolas ~ agam air* 32. 8. *Go ~, go mór. B'fhearr dhó go ~ fanacht sa mbaile* 20. A. *Bhí an lá sin i bhfad níos fuaire. B. Ó, go ~* 20.

fadáil b. *Bhí an t-am a goil a bhfadálachaí . . .* 24 *reitheadh, . . . chun fadála . . .*

fadar f. Seafóid. *Tá muid ag goil 'un fadair i dtaobh na seanfhocla* 20, ag dul chun seafóide, chun seachmaill. *Ffr. fudar.*

fad-dhramannach aid. *Fad-droimneach* 20.

fad-dhrioballach aid. *Fadeireaballach* 20.

fadharcán : fárcán, fuarcán.

fadhb, -áil : faidhb, -áil.

fadhr. *f.* 1. Spadhar feirge. *Bhuail ~ é* 19. 2. Bolgam, béile. *D'ól mé ~ tae* 20. *Cuir sfos ~ tae dhom* 20. *Théis ~ éisc a ithe* 20.

fadó dobh. 1. *Tháinig beirt i gcurach ansin thíos ~ an lá . . .* 20, i bhfad ó shin. *Bhí sé anseo ~ an lá* 20. *Is ~ an lá nár scríobh sí* 20. 2. ~ inniu, i mbliana. *Is ~ inniu a d'éirigh mé* 20. *Nach ~ i mbliana a d'imigh B?* 20. *Tá tusa ~ inniu i do shuí* 20. 3. *Is ~ nár tháinig sé anseo* 20. 4. . . . *ach ní sé i mbéul na ndaoine anois chomh mór le ~* 27.522.

fadú f. ~ *crua*, soilsí áirithe ag bun na spéire ar maidin, comhartha stoirme. *Tá na fadúí cruá sin suas* 20. *Bhí an ~ cruá le feiceáil* 20.

fadúchán f. 1. Tine i dteach. *Áit fadúcháin* 20, áit tine. 2. *Tá ~ díonta aige* 20, tá tine lasta aige (ar an sliabh).

faeiléara f. Faeilí (*q.v.*) 20.

faeiléarach *a. br.* 1. Imeacht thart go díomhaoin, fálróid thart 20. *Ag ~ is ag foirneáil* 20. 2. *Ag ~ leis an maide* 20, ag casadh an mhaide thart.

faeilí /fe:l'i:/, /fai'l'i:/ *f.* Duine a bhfuil seanchas aige, agus ar cainteoir maith é. ~ *mór fhéin* é 20. ~ *mór le páipéir* é 20, fear a léann na páipéir, a bhaineann eolas astu, is a labhraíonn go maith i dtaobh an eolais sin.

faeilíocht /fe:l'i:xt/ /fai'l'i:xt/ *b.* Seanchas, seanchas i dtaobh comharthaí aimsire 20.

faeint /fe:nt'/ /faint'/ /fi:nt'/ /hi:nt'ə/ *con.* Chun go. *Chuaigh mé Gaillimh ~ /faint'/ a bhfaighinn* é 20. ~ /faint'/ a bhfeicinn é 20. . . . /hi:nt'ə/ *cér déarfadh muid leatsa* 19. (< féachaint + faoi dhéin?). *Ffr. féint.*

fáfall f. Faill. *Má fhaighim ~ é a dhíonamh . . .* 20.

fágann. 1. *Fágтар agaibh anois é má théann sib suas go Bun na gCíopán* 20, is agaibh a bheas an bua, . . . tugtar suas daoibh é . . . 2. *Cé bhfágfadh sé é!* 20, cén chaoi a bhféadfadh sé scaradh leis (le tréith dhúchasach), tá sé sa mhianach aige. 3. *Sfós sa talamh leis! Ní fhágfaidh sé seo!* 20, coinneoidh mise ina rún é. 4. *Tá sé an-fhágtha ina chuid éadaigh* 20, tá sé éirithe an-tanaí. 5. *Fág thart é!* 20, éirigh as mar scéal.

fagas'. Fogas. I bh ~ 31.

fagas' aid. Fogas. *An-fhagas dó* 31.

faghairt : foghairt.

faghraíonn : foghartaíonn.

faic(e) 1. *Bainfidh mé ~ as* 20, ólfaidh mé bolgam de. . . . *go n-ólfaidh muid ~ dhó* 20. 2. *Níor bhain sé ~ as* 20, níor bhain sé braic as, ní dhearna sé aon dochar dó. 3. *Athair nár phós* 19. 4. *Faice thara* 19, ainm cluiche cosúil le 'pass the slipper'. 5. *Is iomai duine a iarródhs duit cén chaoi bhuil na páistí nó a bhfuil faice acu agat* 24 páiste, . . . an bhfuil aon chuid acu agat?

faiche b. 1. *Lá na ~* 20, an lá a mbíodh aonach na Faiche ar siúl i nGaillimh faoi Bhealtaine. 2. *Dhá mbeinn ag goil do mo chrochadh ar an bh ~ Mhóir, ní chuimhneoinn air* 20, dá mbeadh mo bhás ag

brath air . . .

faide : foldeacht.

faideog : páideog.

faidhbeáil a. br. Fadhbaíl 20.

faidhf. 'Devil's bread' (?) 20.

faidhp b. Buille. ~ *de mhaide* 19. *Sfh. Is fearr ~ anseo ná dhá fhaidhp ar an aonach* 19, . . . bó a dhíol sa bhaile ná . . .

faidhpeáil a. br. Fadhbaíl. [Bó] *ag ~ na gcleabhair* 19.

faidhtín f. Faoitín 20.

faigheann /fa:n/ 1. Éiríonn. *Tá mé fáite sean* 19. *É fáite deireanach go maith* 19. *Gheobhaidís go dona* 19. 2. *Fuair sé scoil agus foghlaim* 20. *Sé an truaí nach bhfaighfeadh sé sin scoil* 20. . . . *sul má gheobhaidh sé an cheird* 20. *Fuair sé coláiste* 20. 3. *Nuair a fuair mé imithe* é 20, nuair a fuair mé amach go raibh sé imithe. 4. *Chomh luath is gheobhfas tú do dhínnéar ite* 20. 5. *Gheobhfaidh sé faoin mbalcais* é 20, báifear faoin mbáisteach é. 6. *Sin é an uair a fuair sé leis an t-amhrán* 20, a d'éirigh leis an t-amhrán a rá gan stróbh. *Ní raibh sé ag fáilt na hoíche leis* 20, ní raibh an oíche ag éirí leis. 7. *Ní mórán céille atá mé a fháil i tada tá sib a dhéanamh* 20. *Níl mé ag fáil meabhair ar bith ann* 20. *Ní gheobhainn múnadh ar bith orthab* 20, ní léar dom go bhfuil míneadh ar bith orthu. 8. *Fear é a fuair ocras* 20, . . . a d'fhulaing ocras. 9. *Nuair a fuair sé an lá* 20, nuair a tháinig an lá (solas na maidine) (a raibh sé ag fanacht leis). 10. *Fuair mé an baladh* 20. 11. *Chuille dhuine ag fáilt suntas dhób* 20, . . . á dtabhairt faoi deara. 12. *Gheobhaidh sé as* 20, cuirfidh sé de é [tinneas]. *Tá sé ag fáilt as* 20.

faighleán /fai'l'a:n/ *f.* An gleann idir easnacha is corróg an chapaill 20.

faigin. Páiste suirí. *Bhí ~ aici* 20.

Fáil. Éire. 1. *'Bainíor sása fós dhaof air Bháinte ~'*, 24 bán. 2. *Feara ~* 20.

fáilí aid. Súile ~ 20, súile soineanta. *Éadan ~* 20.

fáilíonn. Folaíonn 20. *Ní fhaileoch sé do bhróga, /oed a bhfuil g'fhéar a' fás* 24 fásann.

faillp b. Failp, buille 19.

faillpéara. Failpéir 19.

faillpéarach *b.* Failpéireacht 19.

faillpín b. Tuairgnín 19.

faill b. Deis. 1. *Bhí sfos na faille aige* 20, bhí a fhios aige cén uair a gheobhadh sé deis a bheart a chur i gcrích. 2. Moill, scith. *Ní rinne sé fáil [faill] ná fáil air na cinn óga* 24 péist. *Go mbaineach siad [éanacha] fáil bheag amach anois agus aríst 'na seasa ar bhárr craoibhe* 24 soláthraíonn.

faillí b. Moill. *Har cnag a bhualadh air a' doras agus a chathaoir 'sa chóta a leagann amach ní dhearna sé hairis g'fháilí ach casadh hart agus ligeann leis féin abhaile* 27.1339.

faillíonn. *D'fhailligh mé nár 'úirt mé leis* é 19, rinne mé faillí . . .

faiilitheach aid. Mall. . . . *nuair a d'fheicé síol a bheach curai agut failloch a' tíocht* 24 cuireann. *Bhí meireach eicint air a síol le go bhfuil siad cho*

fáilloch a' cuir aníos 24 meireach. Tá an mhóin ag imeacht go ~ 20, táthar mall ag ceannacht na móna.

fáilp, -éara, -cht : **fáilip**, -éara, -cht.

fainic¹ br. ord. ~ *ab ea?* 20, an bhfuil tú cinnte gurb ea?

fainic². Ag cuir ~ *na bh~ air* 20, ag cuir fainic an-láidir air.

fáinne. 1. ~ *na scine* 19, fáinne ag daingniú na lainne. ~ *na speile* 20. ~ *ceartan* 19, fáinne a dhéanfaí sa gcearta le cur i srón muice. 2. ~ *na Juiseoige* 20, fáinne an lae. *Bhí sé na shíomh le ~ ná Juiseoige 24 fuiseog.* 3. ~ *na bróige* 20, poll na barr-éille. *Ffr. väinne.*

fáinneáil : **váinneáil**.

fáinnín. ~ *bán an lae* 19, breacadh an lae.

faireann br. 1. (Ais.) Coimhonn stíil in airde ag fanacht le. Ag faire *Chéit* 19. *D'fhair sé i* 19. 2. ~ *ar*, braitheann ar. Ag faire *ar na cosa i gcónaí* 20. 3. Fanacht. *Nuair a tá fhios agut go bhfuil béill maith a' faire ort 24 ocras. Bhí seacht rud a' fairú orm le díonú 24 oíche.*

fairnéis b. Tuairisc. *Sin a bhfuil d'fhairnéis agam air 32. Níl aon fhairnéis air 20.*

fairnis b. Tuairisc. *Ní raibh fios ná ~ cé ndeacha sé 20. Tuairisc ná ~ ní bhfuair mé air 20.*

fairsinn aid. *Chomh ~ le spré-mhóin, . . . le 'stacks' 19, chomh ~ le druideacha, . . . le slíogáin, . . . 20.*

fairsinne /farʃnə/, /forʃnə/ b. Is aicé a bhí croi na ~ 24, . . . croi na féile.

fairsingeacht /farʃnəxt/, /forʃnəxt/ b. Fairsinge. *Ag fáigáil ~ ag na daoine 20* (a deirtear atá an sean-duine a fhaigheann bás).

fais : **fuis**¹.

fáisceann. 1. *D'fháisc sé air 20*, thosaigh sé ag tabhairt íde béil dó. *D'fháisc siad faoina chéile 20*, d'ionsaigh siad a chéile. 2. *Fáisc air!* 20, téigh ag marcaoíocht air. ~ *sé air ag marcaoíocht ar an gcapall 20*. 3. Cuireann go fuinniúil, go tobann. *D'fháiscinn braon 'iodine' air 20. B'fhéidir go bhfáiscfeadh sé ceist ort . . . 20. ~ sé cóta teara ó mhullach a chinn go bun a chos air 20. Fáisc chun bealaigh i [litir] 20. Fáiscfear sé mhí air 20, cuirfear sé mhí príosúntachta air. *D'fháisc sé an chailleach ar a dhroim 20*. 4. ~ *ar*, téann i ngreim ann, ag fáil greama níos láidre. *Níl aon lá da n-oerí sé nach a fáisc air bhí dhúil ann [san ól] 24*. 5. Imíonn go tapa. *Fáiscfidh muid siar!* 20. *D'fháisceadar isteach Gaillimh in éineacht 20*. 6. *Fáisce*, scioptha. *D'éire sé chomh fáiscí is chomh sciopaí agus d'éire fear aríomh 27.226.**

fáiscíúil aid. Teannta. *Níl sé [hata] chomh ~ leis an gcaipín 20.*

faisnéis : **fairnéis**, **fairnis**.

fáiteail, -ach, -aí : **fatail**, -ach, -aí.

fáithim b. 1. Uaim 20. ('hem' freisin 20). 2. . . . go gcuirfidh sé [beithíoch] an darna ~ *anuas* 19, (le cuid éigin den tóin, ag cur síos ar bheithíoch a raibh an bhuinneach air).

faitíos /fat'ios/ /fat'e:s/ f. 1. *Tá ~ agam roimhe 20.*

Ní rabh fhios agam cé roimhe bhí an ~ agam ach bhí sé orm 27.270. 2. *Bhí ~ roimhe 20. Bhí ~ mór san am sin go dtiocfadh sé go hÉirinn 20.* 3. *Tá ~ orm duit 24, . . . orm go bhfuil contúirt ort, dul amú ort.* 4. *Ní raibh fuacht nó ~ orm 20. Gan fuacht gan ~ 20.* 5. (Mar réamh.) Le heagla roimh . . . *Líonadh aníos iad bhfóisceacht trí nó ceathair de throighe dá bárr, ~ contúirt 27.506.*

fál f. ~ *fidin*. 1. Balla a bhfuil clocha beaga in íochtar ann 20. 2. Fál beag dona 19. ~ *buaile* 19, garraí beag gar don teach a gcuirfí na beithigh ann san oíche. *Fár buaile 32.*

fala. Faltanas. 1. *Gan fhala gan ábhar 20*, gan cúis ar bith. 2. *Níl fiacha ná ~ orm 20*, níl fiacha orm ná faltanas le hagarth orm.

falach f. Folach. 1. Éadach. *Ní raibh ~ na seacht n-éadaí orm 19*, ní raibh orm ach droch-éadach. *Chuile fhalach á raibh orm a chaitheamh dtom 19. Cuir ~ eicint ort 20*, cuir éadach (breise) eicint ort (in aghaidh fuachta). 2. *Níor chuir tú ~ ar bith uirthi sin 20* - le bréag fhollasach. 3. *Scolb i bh~ 20*, scolb a chuirtear ar fhad an tí. 4. *Sa bh~*, i bhfolach. *Marab é chaoi mbeadh chuile shórt sa bh~ aige ann 20*. 5. ~ *a' chuit ar a chac 20*, iar-racht lag ar rud a chur i bhfolach. 6. *Ní raibh ~ air 19*, bhí sé fliuch báite. *Ffr. valach.*

falachan a. br. Folú. *Amú a' ~ na gcárdáin bheaga thornapaí le bláth a bhí mé. Tá faitíos orm nach shé an ~ is fearr atá aguinn air a' geoca féir 24 fallaíonn.*

falaíonn. Folaíonn 20, 32. *Falaigh fút!* 19, tarraing anuas do ghúna (atá ag ligean an iomarca ris).

falámh aid. Folaímh. 1. *Tá cloigeann air cho fala le turnapa bán 24* (le duine gan mheabhair). 2. *Spurtha. Tá mé ~ as tobac 20*. 3. Bocht. *Deabhal a bhfuil sé ~ 20.*

falmóir f. Duine mór leathan. *Nach é an ~ de dhuine é 20.*

falach : **farla**.

fálta aid. bhr. Fálaithe. *Tá an garraí ~ go maith agat 19. An-gharraí é dhá mbeadh sé ~ 20.*

faltanach aid. Faltanasach 19.

fáltas. 1. *Ní raibh pinn ar m'fháltas 20*. 2. *Níl slí ná ~ a'm 19. Go dtuga Dia slí is ~ dúinn 19.*

fán f. 1. Laghdú. *Hainic ~ mór ins na circíní trá 24 circín trá*. 2. *Tá fuacht is ~ an tsoil anocht orthab 19*, tá siad go bocht agus iad scaipthe.

fána b. *Cuireadh le ~ iad 19*, shéid an ghaoth isteach le cladach iad.

fánach aid. 1. Mithairbheach. *Bhí airgead á chaitheamh níos fánaí 20. Aonach sách ~ 20*. 2. *Is ~ nár thuit sé 20*, is beag nár thuit sé. 3. *B'fhéidir gur ~ anois air 20*, gur dona an chaoi atá anois air. *Is fada ~ anois orthab 20*, tá siad scaipthe agus ar dhroch-chaoi anois. 4. *'Na mná ~' ainm eile chomh maith leis 'na mná truaill' a bhí acu orthu - le mná a cháilfheadh a náire is mó a deirfí é 27.1460*. 5. Cromshlinneánach. *Fear a bheadh crom ina dhroim agus ~ 31.*

fánadóir f. Fánaí, duine a bheadh ag imeacht ar fán 20.

fánadóireacht *b.* Fánaíocht, (páiste) ag imeacht ar seachrán 19.

fánaíocht *b.* *Le ~ a tsoil a fuair mise fíos gur Ó Briain an sloinne ceart a bhí orthu* 27.356, go fánach, de thimpiste . . .

fanann **1.** ~ *aige féin*, iompraíonn é féin go measartha, coinníonn guaim air féin. *Fan agat fhéin* 20, ná téigh thar fóir ag obair. *Fear a bheadh ag blaiseadh corrbhraon agus a d'fhanfadh aige fhéin* 20. **2.** (*Le aid. bhr.*) *Bhfuil sé ag goil ag fanacht imithe?* 20. *Caitheadh sé lúbadh is fanacht lúbtha freisin* 20. *Is gearr gur thuit agus d'fhan sí tite* 20. **3.** *Fágtar. Tá mé ceapadh gur aige d'fhan an corrán s'againne* 20. *Bhfuil na meaitseannaí fanta thuas?* 20. *Ar thoir a d'fhan an clabh mór?* 20. **4.** *Fágtar d'fhuilleach. A. D'fhan braon bainne sa jug, ar fhan?* B. *D'fhan 20. Níor fhan aon phíosa de rata agat?* 20. **5.** *Fágtar mar oidhreacht. Iníonn dreachara go bhean Shedán ar fhan an áit aici* 27.1151. **6.** *Ar fhan aon vóta sa mbaile seo?* 20, ar fágadh aon vóta gan caitheamh? *D'fhan péire gan díol* 20. **7.** *D'fhan mar sin* 20, d'fhan an scéal mar sin (focal a deirtear sa scéalaíocht). *Bhí agus tá agus d'fhan* 20.

fannleisciúil *aid.* Leas, drogallach. *Bhí muid fáin leisciúil go léor ag éirí ach hainic siad taobh shiar dhúin go shiola . . . 24 tugann. Fua sé isteach fánleisciúil go maith* 27.77. . . . *d'éirí sé fáin leisciúil go math agus an-roein a d'ime sé 24 airdeall. Fán leisciúil go léor a fua siad go dtí an mála* 27.529.

faobach : **fíobach**.

faobhar *f.* **1.** Díocas (le hobair, fearg, fonnadóireacht, etc.). *Tá ~ air ag obair* 20. *Bhí ~ oibre air* 19. *Bhí ~ air le oic* 32. **2.** *Bhí ~ ocrais air* 20, bhí an-ocras air. *Bhí ~ le ocrais orm* 20.

faoch. *Dada. Ní rinne sé ~ air* 20. *Níor tharla ~ dhó* 20. *Dhúin ~ a thiúrfainn air* 20.

faocha *b.* **1.** ~ *dhoichill* /yí'í'l/, ~ *dhoicheallach* /yí'á'ax/ 19, faocha bheag bhí nó dhubh a bhíonn ag titim anuas ón geloch nuair a bhíonn sé ag trá. ~ *chuit*, ~ *chailtí*, ~ *dhearg* 20, cineálacha éagsúla faochan. **2.** *Blaosc* (seilide, etc.) ~ *sheilmide* 20, seilide a bhfuil blaosc uirthi, blaosc a bhfuil seilide inti. *Na faochain sheilimidí* 20. *Na seilimidí sin a bhfuil ~ orthab.* 19. *Chomh fada siar is tá bia sa bh~* 20.

faoi réamh. **1.** Sa gcuid fochtair de. . . *bolg bán fúithi* 20 (faoin eascann). **2.** *Le. Im a chuir fúthab* 20, im a chur leo (agus iad á róstadh). **3.** Ag caitheamh. [é] ~ *na phéire bróga táirní* 20. **4.** Ag 'clúdú'. *Ceann de na boscaí sin bhíonn ~ n tae* 32, . . . a mbíonn an tae iontu. **5.** *Dhá mbeithé ag cuir poll ~ píosa adhmaid* 20. *Chuir sé cúshnáth ~ n éadach* 20. **6.** ~ *thír*, isteach le cladach. *Tháinig sé isteach ~ thír* 20. *Bruth ~ thír* 20. *Isteach ~ thoinn* 20, isteach le toinn. **7.** (Caint, obair) ina thaobh. *Ní raibh ~ níos mó* 19. *Nuair a cailfear thusa' a deir sé 'tá tú cailte agus níl fút níos mó'* 20. **8.** Ag plé le. *Is fearr ~ na chaidéis ná ~ na bhail ó Dhia é* 20, is túisce a chuirfeadh sé aighneas ort

ag iarraidh eolais ná a chuirfeadh sé beannacht ort. *Bhí sé fial fairsing ~ na bhraon* 20, . . . ag tabhairt fuisce uaidh. **9.** I bpáirtíocht ann. *Tá mé ceapadh go bhfuil beirt ~ 20. Bhí ceathar bhoithe* 27.512. *Triúr a bhí faoi* [roinn talúna] 27.505. **10.** ~ *is thairis*. (a) Go tréan is go neamhairdeallach. *Na spiadóirí bhíoch a' mionú faoja agus harastú gan náire gan spalpas, a ghrá créatúir bhochta a dtíre fáil rópa ó Shasanaí* 24 mionnaíonn. . . . *ó cailtí a bhean tá sé a' catha* [airgid] ~ *'gus hairis* 24 caitheann. (b) Rinne mé dearmad dhó agus gan fúm ná tharam ach é a dhéanamh 20, . . . *gan fúm ná tharam ach ghoil go dtí é* 20. **11.** *Tá muid ~ dhuit!* 19, níl muid sásta é a thabhairt duit. *Níl mé ~ dhuit* 19, tá mé sásta é a thabhairt duit. *Ní raibh sé ~ dhó* 20. *Buaileadh é is ní raibh mé ~ dhó* 20, . . . níor ghoill sé orm. (Tá aiceann ar faoi na samplaí sin thuas). **12.** ~ *do chois!* 20 (focal a deirtear ag moladh duine atá ag damhsa). ~ *do chúig!* 20 (focal a dearfadh duine nuair a leagfadh sé cárta don, á chur i gcéill go raibh sé ag scaoileadh cúig bhog chuig an té a mbeadh titim na himeartha air).

faoil. **1.** Casadh timpeall. *Thugadar* [lachain fhiáine] ~ *ó dheas* 20. *Chuir sé ag déanamh ~ a fearitean é* 20, bhuail sé é is leag sé é. **2.** Achar gearr. *Ní raibh sé trí ~ amuigh* 20. *Ná bí trí ~ leis* 20. *Ná bí trí ~ a fearitean amuigh* 20. *Ní raibh sé dhá ~ a' mheandar amuigh* 20.

faoilean. *Faoileanachaí* láf 19, an dá phíosa den iarann a iompraítear isteach ar an bhfeac taobh thiar, dhá pholl iontu.

faoille *b.* Faoileán. ~ *mhór* 19 (í glas, muineál geal uirthi, í ramhar, tugann sí gor dá hubh faoina sciathán).

faoilleán /fai'l'a:n/ 20, 32, 24, 19; /fi:l'a:n/ 31. **1.** ~ *droimeannach* 20, faoileán droma duibh. *Shráigh tú an ~ droimeannach* 20 (- le duine amplach). **2.** *Déan an ~ mór!* 20, slog siar é! *Sén fear is measa a chac faoileán riamh air* 27.1371.

faoilleáin /fi:l'a:n'/ . Cnámha beaga ar gach taobh de bhálta na bó 19. *Tá an bhó ag ligean anuas na bh~* 19. *Ó fheiceas tú na faoilleáin licí síos aig a' mbó, díon airdeal ansin eirí* 24.

faoilte *iol.* *Sfh. Uisce na bh~ eidir Nollaig is Fhéil Bríde* 20.

faoisceadh. **1.** *Ná déan ach a' ~ a ligean thríb* 20, ná déan ach beagán bruite a thabhairt dóibh. *Níl blas ar bith ach go ndeacha ~ thríb* 20. . . . *ó chuir tú ~ amach* 20, ó rinne tú urlacan.

faoiside *b.* Faoistin 31.

faoisidín *b.* Faoistin 19. *Na faoisidíní* 19, na 'stáisiúin' (Aifreann is faoistin i dtithe na muin-tire).

faoistean *f.* Faoistin 20.

faothim. *Go ~*, go tráthnóna, go titim oíche. *An scríofaídh tú leitir dhom as seo go ~?* 20. *Beidh mé ag obair arís go ~* 20. *Ní móide go ndéanfadh sé deoir go faoin* 27.117.

faoitín : **faidhtín**.

faonosclaithe *aid. bhr.* Oscailte de bheagán 20.

fár : fáil.

farach *f.* 1. Fuadar, fústar. *Tá daoine ann agus ~ ar fad iad. Níl stáidéar ná suimhneas ionntu . . . Á mbeadh foighid aige agus gon leath oiread ~ a bhe air 24. Bíonn ~ mór air mhár tí aimsir na n-áta sa nEarrach 24 áil. Bhí ~ an uair chéana orainn a' d'fona deifir amach aig an Aiffrion 24 deifronn.*

. . . chonaic sé go rabh toiseach agus taobh an éadach geal thrí lasadh. Gan faitíos gan ~ gan uafás thosa sé go breá mín réidh á mhúchadh . . .

24 altóir. 6. Bíonn ~ eirí [an mháthair] a' brostú na bpáistí mach air scoil 24 brostaíonn. . . ní bhíodh deifir ná ~ orthu ach de réir a gcoise go dtagadh siad ann 27.26. 2. Diocas oibre. . . a' plé leis a' bhféar, ní fhéatá breanu star orthu le ~ á shábháil 24 breácha. Le cruóg is le ~ oebre 24 pósadh. Á mbeadh an uair feiliúnach bheadh ~ a' bailiú an fhéir an uair sin 27.1508. Bhí ~ ar na fir a' cuir amach a' lasta 24 lasta. 3. Scleondar, sceitimíní áthais. Níor lig a' ~ daof a mbriofeasta a ithe leis a' ríméad a bhí orthu 24. Is orainn a bhíodh a' ~ go bhfách muid amach cén [cé ina] aghaidh a bhí siad tarraingte 24 aghaidh. 4. Racht.

(a) Racht cainte. Maidir le ~ cainte bhí sé orainn 27.113. Nuair a bheirins braon óil orthu bhéaradh siad caint gon tlu leis a' bh ~ cainte a thagann orthu 24. (b) Racht gáiri. Leis a' bh ~ gáiri a hainic orm chua sé an-chrua liom coinneál liom fhéin gan pléascadh amach 24. . . a láimh air a bhéal aige le ~ gáiri 27.284. Bhínn a riocht pléascadh le ~ gáiri . . . 27.327.

faraor. Agall. ~ má d'íth mé chor ar bith é 20. ~ géar má chuaigh mé ann 19. Sfh. Cailleadh ~ ach tá b'fhéidir beo 20.

farasbarr : **earasbarr**.

faréalann. Déanann deisiú beag ar cheann tuí. *Dá bhfarcáil é . . . 20. Tá sé ag farcáil an tí 20. Farcáil a chur ar theach 20.*

farcán *f.* Fadharcán (ar adhmaid, ar chois beithígh) 19.

farcaun. Déanann lobhadh tirm, déanann poillíní. (a) (Le adhmaid) ~ sé an-éasca 20. *Tá sé farcáithe ina lár 19. Farcáidh sé 19.* (b) (Le práta) *Fata farcáithe 19.*

fárdoras : **várdoras**.

farla /farlə/ *f.* **Falrach**. 1. Saothar. *Tháinig sé agus ~ ann 20.* 2. Cnead. ~ faitíos 20. ~ caoineacháin 20.

farra¹. *Bhí bia go ~ bachall ann 20, . . . go barr bachall.*

farra² *f.* Gaoth láidir. *Nach ann atá an ~! 20. Tá ~ gránna ann 20. Tá ~ mínádúrtha ann 20.* *Ffr. forrá.*

farraige *b.* 1. Tonn. *Tá chaon fharige cho hárd leis a' teach 24. . . go glaoma na fairigí 24.* 2. Farraige garbh. *Ní raibh aon fharraige ann 19.* 3. *Tá an rabharta ag goil i bh ~ 20, tá an rabharta ag tosaí ag teacht ar aghaidh.* 4. *Bhí a dhóthain ~ faoi 20, bhí sé óltach go maith.*

farrbhach. Fodar. *Tá neart ~ fós a'inn 19.* *Ffr. far-rúch.*

farrúch¹ *aid.* Tugtha don ionsaí. *Tá sí sin [bó] ~ go maith 20.*

farrúch² *f.* 1. Soláthairtí (féir, prátaí, peitрил, etc.). *Bhfuil do dhóthain ~ a'd? 19. Meas tú an mbeidh tú gann i bh ~? 19.* 2. Bonn cruaiche (coirce). *Tá ~ mór le talamh fúithi 32.* 3. Leaba beithigh 32. 4. Tuí a chuirte ar mhaidí a bheadh treasna ar áth 32, 33.

fásach *f.* *Tá ~ acub sa ngarraí siúd 20, tá neart le n-ithe acub [beithígh] . . .*

fasair *b.* 1. Sraith arúir le bualadh. ~ a chaitheamh faoin súiste 20. 2. Bualadh, buillí. *Bhuail sé ~ air 20. ~ bhualte 20.* 3. Go leor. *D'ól sé ~ 20. ~ mhóna, ~ bhallacháí, ~ fataí 20. Seans gur thóig siad sin ~ ann 20, . . . go leor éisc.*

fasait /fasit/. ~ *tae 20, deoch tae.*

fásán *f.* Fás fuinseoige. *Cé'r tharain tú an ~ breá sin? 24.* *Ffr. Bóthar Shiubháine.*

fásann. 1. *Bhí fásadh san áit a d'fhás sise 20* (le bean mhór ard). *Ní raibh feurg ar Dhia nuair a d'fhás sé 20* (le fear ard). 2. *Duine a mbeadh an díomhaontas ag fás amach as 20, duine andíomhaoin.*

fascadh *f.* Foscadh 19. 1. *Níl ~ ar bith air 20, tá sé an-bhéalscaoilte. Shoraídh uait, a bhéal gan ~ 20* (le duine béalscaoilte). 2. *Fasca agus dídean go dtuga Dia dhá n-anam 24.*

fáscadh. 1. *Ar an gcéad fháscadh, ní raibh druifí againn 20, ar an gcéad dul síos . . . 2. Tabhair do na fáscáí anois é! 20, rith leat anois ar do dhícheall. Thug sé faoi na fáscáí abhaile ansin é 27.541, rith sé leis . . . Bhain sé as sna fáscáí 20 id. Bain as na fáscáí é, má bheireann sé ort buail sé thú 24 buaileann.* 3. *Anois atá tosach na bhfáscáí ag teacht 20, . . . tosach na bpianta i dtinneas clainne.*

fascúil *aid.* Foscúil 20.

faslach *f.* Riar mhór. ~ *maith móna 20.*

fastaíonn. Fostaíonn, beireann greim ar 20.

fastós. Fastú. 1. *I bh ~ den leaba 20. I bh ~ sa sceach 20. Chuir mé i bh ~ é 20.* 2. . . . *é a bhaint as ~ 20.*

fata *f.* Práta. *Ní raibh aige ach an ~ beag leis an bh ~ mór 20, ní raibh aon anlann lena bhéile aige. Deabhal ~ a d'fosadh sé lena shaol 20, bhí deireadh leis. Ní raibh saol ~ i mbéal nuice aige 20, níor mhair sé i bhfad. Níor moladh riamh fataí na báistí 20, . . . prátaí a chuirfe le linn báistí. Fataí rosacha 20, prátaí garbhchraicneacha. Fataí spréite 20, prátaí a fhágtar sa talamh is a chuirtear in uachtar aimsir spréite an choice.*

fátall *f.* Solamar, soláthar (go háirithe solamar ón gcladach). *Má fhaigheann tú ~ ar bith 20. Ní mórán ~ a bhí aige 20. Ag iarraidh fátaill 19.*

fátallach¹ *f.* Soláthraí. *Is é an ~ é 19. ~ maith 19.*

fátallach² *aid.* Go maith ag soláthar. *Fear ~ a bhí ann 20.*

fátallai *f.* Fátallach¹. *Bhí sé ina fhátallai mór 20.*

fáth *f.* 1. Cúis. *Cén ~ is do gháiri? 20. Ní fá gáire fiacaíl a tharraingt san am sin. Sé a raibh go fhá athais agut nach raibh tú a' goil ag ioc a' tarraingt 27.873.* 2. *Fiafraíodh dó cén ~ an ghealach is cén*

~ an ghrian 20. *Níl a fhios a'm cén ~ na spotaí dearga* 20. 3. *Sin é an ~ a bhfuil mé* 20, sin é an fáth atá agam (le ceist a chur, le rud a dhéanamh). *Sin é an ~ a mbeinn anois* 20. *Sin é an ~ is m' a bhíodar* 20. *Sé an ~ a bhfuilim, bhí sé blianta ndiaidh an am a mbínn a goil in éanacht léi* 27.

fathach f. Rinne sé ~ dhó fhéin ag obair 20, 'mharaigh' sé é fhéin ag obair. *Ná déan ~ bó thinn dhuit fhéin ag obair* 20, ná cuir thar d'fhulaing thú fhéin . . . *Nach é an ~ bó thinn é!* 20, nach é an gaiscíoch é!

fáthach aid. Fonóideach. *Tá sé ~ go maith* 19. *Tá sé sách ~* 19. *Tá sé ~ magúil* 19.

fáthadóireacht a. br. Fonóid. *Ag ~ ort* 19.

fea b. Meá, seanfharrage. *Amach ar an bh~ mhór* 20. *Ar an bh~ fhaidhtín* 20.

feabar. Cibé ar bith. ~ *Blácah a bhí sa gcaisteán san am thug sé aontíos dhiobh* 27.358.

feac f. Cos láí. *Bí ag cur ~ i do lá!* 19, bí ag stócaíl d'obair an Earraigh. *Tá tú ag cur ~ i do lá!* 19, tá tú réiteach (d'obair ar bith).

feaca : feag, feanc.

féachann. *Níor fhéach siad siar aríomh orm ná air a' maith a rinne mé orthu* 24 maith, níor chuimhnigh siad riamh orm . . . , níor thug siad cúnaimh ar bith dom.

féachtáil. Féadachtáil. *Bó a bheadh i dtinneas lao agus gan í ~ é a chur dui go bhárr a téacht contráilte* 27.926. . . . *gan muid ~ feag a bhaint aisti* 27.849. *Ní rabh mé ~ cuir ina cheann . . . cén áit a rabh an bád fácaí gum* 24 cúramach.

féachaint : féint, faeint.

fead b. ~ méire, fead a ligfí agus méir sa bhéal. *Chuireadh sé ~ méire as* 27.65. *Dá mbeadh ~ méire aguinn bheadh seans aguinn* 27.998. *Bhí sé fad ~ uaim* 20.

feadaíl a. br. *Bhí sé dhá gcuir a ~ le na duailí bhí sé a thóirt dhaof* 24 dual, . . . á chur ag casadh san aer.

féadann. 1. *D'fhéadfadh!* 19, b'fhéidir é. A. *Tá sé ina thúis trábh anois.* B. *D'fhéadfadh sé* 19. 2. *D'fhéadfá a rá, is cinnte go . . . D'fhéadfá a rá go raibh a dhóthain ólta aige* 20. *D'fhéadfá a rá go raibh áthas orm nuair . . .* 20.

feadh cón. 1. Ach go, chomh luath agus. ~ *do mháthair thíocht abhaile beidh a fhios agat é* 20, ach go dtaga . . . 2. Ar chuntar. . . ~ *an lá a bhe go breá agus a' ghrian a bhe air an aer* 27.1247.

feag¹ : feog.

feag². Feacadh. *Níor bhain sé ~ as, ach amháin seo, gur fhág sé chomh bodkar le cloch é* 27.435. *Chonaic mé fear ag ól seacht bpionta pórtair ndiaidh a chéile . . . agus níor bhain sé ~ as* 24. *Ní rabh sé in an ~ a bhaint as a' gcloch* 24.

feaidín b. ~ phoill, broim. *Tá ~ phoill ag tíocht orm* 19.

feaimilí. Clann. *Duine eile den fheaimilí* 20.

feáin : fí.

feairín f. Leas-ainm a thugtar ar fhear óg a bheadh tar éis pósta 19.

féalacán f. Féileacán. *Fana tú nois leis, 'Athair nó*

go mbéara na féalacáin 24 pósann, . . . go brách. *Gheou tú iad nuair a bheidheas na féalacáin faoi reith* 24, . . . ní bhfaighfidh . . . go brách.

feall f. *Cuireadh feill, cuireadh chun go ndéanfaí dochar don té a dtabharfaí dó é. Nach mé a fuair an cuireadh feill* 19. *Thug siad cuireadh feill dhom* 19.

fealladóir f. Feallaire 19.

fealltúil aid. Neamh-iontaofa 20. *Tá an fhairige ~, mar a deireann siad, is iomaí buachaíl math a chuir si air tóin* 24 farraige. *Tala ~ go math é le cur ~ bheach contúirt tuile thíocht air, nó gan in an aon bhárr a thóirt* 24. *Níl rud a bích cho ~ le leacoeri má bhriseann a' sioc nó síntaí thíocht inti* 24.

feamanas f. Oidhreacht. *Roinniú amach a' ~ air fad air chuile dhuine gon chos mhuintir* 24 roinneann.

feamnach b. Feamainn 31.

feánaí. Ceann feadhna (?). *Is tú an searrach i ndiaidh ~* 19 (a déarfai le gasúr a bhí do do leanacht).

feanc. Feacadh. *Níor bhain sé ~ asam* 20. *Níor bhain sé gála ~ as an geoca féir* 20.

feannadh f. . . . *oí gheimhre a mbeadh sé'n fheanna isteach sa doras* 24 ádhúil, . . . a mbeadh goth fheannta isteach an doras.

feannann. 1. *In áit a bhfeannfhai na cuit* 24 aghaidh, in áit an-rite is an-fhuar. *D'fheannfadh sé na fiaigh dhubha ann* 20 (le áit rite fuar). *D'fheannfadh sé an reithe sléibhe atá amuigh i Mám* 19, id. 2. *Mná feannta* 20, mná (leath-)nochta. *Bheadh sé feannta* 20, ar bheagan éadaigh.

fear f. 1. *Má tá a leithide d'fhear ann* 19, . . . d'fhear agus Dia ann. *Go mbeannaí an ~ céanna dhuit* 20 – mar fhreagra ar *Go mbeannaí Dia dhuit*. 2. (a) *Shf. Tugtar ~ ar fhear agus ní thugtar ar fhear ach ~* 20, is é an focal 'fear' an focal molta is fearr ar fhear. (b) *Bhí an capall ag déanamh ~ di fhéin* 20, bhí sé ag seasamh ar a cosa deiridh. (c) ~ *tí is urlár* 20, fear a bhfuil cúram tí is claimne air. 3. (a) *Sin é an ~ agat* 20, sin é an uirlis mhaith chun na hoibre. *An ~ beag, gunnán láimhe. . . . anuas le fána air a' taobh eile go dhá léim agus a' ~ beag ina láimh air a' bhfad sin aige* 27.1487. *Bhain sé fir* 20, bhain sé fóide móra móna. (b) *Na fir dhubha, na póilíní. Thosa na fir dhubha a téacht ansin, agus chuir sin bac ionnainn* 27.68. (c) *An ~ liath, an sioc. Tá contúirt air a' bh ~ liath* 24. *Tá na fataí baintí, piocaf anois aguibh, níl aon bheann air a' bh ~ liath* 24 piocann. (d) *An ~ mór* 19, an diabhal. (e) *An ~ rua, an sionnach. Tá siad [géabha] math go leor mar [ar] casú an ~ rua leof* 24 gé. (f) *An ~ bán* 20, bod an fhir. (g) ~ *na gcúig méar* 20, an cionán. ~ *na gcúig ladhair* 20, id. 3. *Fearú iol. Fearú Éireann, Fearú Fáil, Fearú an Domhain* 20. *Agus ar ndó tá a fhios ag Fearú an domhain go bhfuil sé ro-fhliuch* 20. *Bhí siad ansiúd le feicedáil ag Fearú Fáil* 20. *Bheadh a fhios ag Fearú Éireann go . . .* 20.

fear f. 1. *Is maith an ~ tirim dhuit é* 20, is maith an éadaíl dhuit é. 2. ~ *talúna* 19, fear ag fás (ní

hionann agus 'fear' = fear tirm). 3. ~ na trí shop. *Diabhal's agumsa cad é ' ~ na trí shop' chon oiread leat féin, ach go bhfuil sé dá rá aríomh 24. . . . dheamhan ceó fás air ach ~ na trí shop 24. . . . ar thuláin bheaga nach mbioidh leithead na scieóige iontu a raibh cineál ~ fionnach a d'fheiceá air thaobh áill choiléir a' fás orthu 27.1418. 4. ~ coinín. Sé an cineál is measa féir a d'fhéadadh fás. Níor chuir sé aon tráithnín amach ariamh 24A. . . . Is gearr nach mbeadh eirí ach ~ coinín 24. 5. Bean cho lách is a shúil a' ~ 24 Sabh.*

feara iol. Na ~ fáilte, na múrtha fáilte. Bhí na ~ fáilte rompo 27.352. Bhí na fearra fáilte roimhe 24 bronnan.

fearabó. Tá sé ag tfocht sna ~ tinte 20, . . . ar luas. **fearacht f.** An rud céanna. (a) An ~ céanna. Chomh luath is a bhí sé goil a' sá amach a' bháid, thárla an ~ céana 27.399. . . . d'éirí an ~ céana go Dhúgáin an Locháin 27.291. . . . go ndéanadh sé seo a' ~ céana 27.219. (b) (Le gin. ina dhiaidh) *Díona ~ geata an gharraí nuadh agus geata na tornóige leis, fuair sán poul domhain 27.453.* (c) (I ndiaidh aid. sheal.) Sin é m'fhearachtsa anois 24 aireach. . . . sin é an chaoi chéanna agamsa anois. (d) Ní hé ~ i gcónaí a'd é 20. Ní hé ~ inné a'd é 20. (e) Bhí sí ~ na trá inné 20, bhí sí ar aon dul leis an trá inné.

fearáilte aid. Measártha. Níl sé [othar] ach ~ 20.

fear-plé. 'Fair play' 20, 19.

fear-pléúil aid. Cothrom 20. An-fhear-pléúil 20.

fearr br.-ch. 1. B'fhearr liom . . . ná. B'fhearr liom bheith beo i dtalamh ná a bheith ag plé leis 20. B'fhearr liom bheith ag tarraingt clocha ar mo dhroim ná ar an 'breadmill' ná báite ná go dtí mo dhá shúil i bhfarraige ná ag goil de chlocha ar mo cheirteachaí ná an deabhal fhéin agus a dhá adharc fheiceáil ná a deir sé 'ag goil de mhaide ar chac ná a bheith ag éisteacht leis' 20. 2. B'fhearr dhuit . . . ar mhiste leat. B'fhearr dhuit do rothar a thabhairt dhom go dté mé ag an Spidéal 20. B'fhearr dhuit a ghoil ann 19. 3. Nar ba ~ a bheas sé 20 (eascaine). 4. Ní bhféarr aici ná uaithe 24, fuair sí oiread (sciolladóireacht) is a thug sí uaithe.

fearth f. Uaigh. . . . nó go dteigh mé a bh ~ ní dhéanfha mé dearmad go dhúlseacht . . . 24 cruach, fad is mhairfidh mé . . .

fearthteacht b. Fearúlacht 20, 31.

fearthtacht b. Fearúlacht 20.

feasach aid. Is ~ le. Is ~ liom fhéin go rabh roinnt mhaith ann a rabh scéalta acu 24 scéalaí. ~ liom héin i mo lá a leithide 24 daorann. Is ~ liom bliain . . . a dtainig a' chéad mhí don bhliain nú ann-suaimhneach socair 27.1354.

féasóg /f'e:so:g/, /f'i:so:g/ 19, 20, /f'e:so:g/ 31 b. ~ ghabhair 19, rud glasbhán a fhásann ar charraig in aice le sraith chloch, áit nach dtagann an taoide air.

féasógach /f'e:so:gax, etc./ aid. Grusach, dorrga. Fear in aireá gruaim air leat agus gan fhios agut cén tídar déarfhá freisin go rabh sé ~ 24. Tá sé g'éirí an-fhéasógach . . . ní bhaineadh Airtí Finn ceart

dó 24. Duine ~ go math é sin 24. Trum ~ go math bhreathna siad 24.

feasta dobh. 1. Tá sé in am aige rud eicint a dhéanamh ~ choíchín 20 . . . as seo amach. 2. Bhfuil tú réidh ~? 20, . . . fós?

feastach dobh. Feasta. Beidh muid saor ó rialacha Shasana ~ . . . 24 saor. Leag anuas mo dhinéar ~ agum . . . 24 méirnteacht.

féata : fiata.

feiceann. 1. Is gearr nach bhfaca muid é 32, is gearr go ndeacha sé as amharc. 2. An bhfaca tú an cailín sin a maraíodh in Albain? 20, an bhfaca tú tuairisc ar . . . , ar chuala tú tuairisc ar . . . 3. Feiceamuist!, do dhúshlán! Teara, feiceamuist! 20. Feiceamuist, tabhair! 20. 4. Ní fhaca mé cuid mo chomharsa riamh 19, níor thóg mé . . . ar iasacht riamh. 5. Feicfidh mé arís thú 20, cúiteoidh mé arís leat é (deoch, etc.), iocfaidh mé arís thú. Is minic a fheiceann tú féin mise 32, is minic a cheannaíonn tú deoch dom. 6. (a) Go bhfeice tú, go dtí, go ceann. Ní aithneoidh tú mórán fad ar an lá go bhfeicfidh tú an mhí seo caite 20. Ná bí ag caint ar am suipéir go bhfeice tú uair eile fós 20. Ní bheidh sé réidh go bhfeice tú blianta fada 20. (b) Bheadh iasc acub go bhfeicidís mí 20, . . . go ceann míosa. 7. Ó d'fheiceá . . . ó d'fheiceá an chéad lá go Mhárta 27.143. 8. Ní fheicfidh tú mí ón inniu go mbeidh athrú ann 20, beidh athrú ann roimh . . . 9. Feicfidh tú fhéin go, bí cinnte go. Má dhéanann seisear é, feicfidh tú fhéin gur doras láidir a bheas ann 20. 10. A bhfaca (mé, tú, etc.) riamh, rud ar bith. (a) Chomh domhainn lena bhfaca tú riamh 20. Chomh sásta lena bhfaca tú riamh 20. (b) Thiúrfaínn a bhfaca mé riamh air 20. Ní chreidfinn ar a bhfaca mé riamh é 20. (c) Tá thar a bhfaca tú riamh de phoirt a'tsa 20, tá go leor leor port . . . 11. Ní fhaca sé fiche bliain 20, níor mhair sé . . . a liachtaí lá anróiteach a chonaic sé 20.

feidheal f. Scata. Bhí ~ mór acub arn 20. ~ mádarai 20. ~ gasúir 20. Bhí ~ acub timpeall air 20.

feidheartha aid. Teach ~ 20, teach gan trosscán.

feidín : fidín, filín.

féidir. B'fhéidir go dtiocfaidh is dhá bh'fhéidir nach dtiocfaidh 19. B'fhéidir go bhfuil agus seacht mb'fhéidir nach bhfuil 20. (Le do) A. Bhí sé sa gClochán inniu. B. B'fhéidir dhó 19, d'fhéadfadh sé a bheith.

feighil. 1. Tá sé i bh ~ a bhainte anois 20, tá sé réidh le baint. 2. Ní bheadh mórán aici i bh ~ a chéile 20, . . . i dtoll a chéile.

féile b. 1. ~ Bríde, mí Feabhra. Lár na ~ Bríde 27.1229. 2. ~ na fairsinge, an Nollaig. Réis déileáil na bliana a dhíona aige ní chuir sé aon chomaoin orm air fhéile na fairsinge an lá hana 24 gortach.

féileacán f. 1. ~ beannaithe 20. 2. Píosa beag a chuirfí ag deasú léine nó seaicéid faoin ascaill 20. Ffr. féalacán.

feileas f. 'Felly' i roth cairr. iol. feileasachai 20. Tá an ~ sin briste 20.

féilí, -ocht : faeilí, -ocht.

féilim *b.* Éirim aigne. *Níl ~ ar bith aige* 20. ~ *chinn* 20. *Bhí an-fhéilim aige* 20.

feiliúnach *aid.* Ionraic dea-bhéasach. *Fear ~ a bhí ann nach rinne éagóir air aon nduine ariabh* 24.

feiliúntas *f.* Ionracas, dea-bhéas 20.

feilm, -*éara*, -*éarach*t. *Feirm*, -*eoir*, -*eoireacht* 19, 20.

féin *aid.* (héin is coitianta). (Leis an *bhfor*. tríú pearsa, ag tagairt do rud) *Níorbh ionann lé chéile é fhéin is an cogadh seo* 20.

féineach(t). Féin. (héineach(t) is coitianta) (Leis an *bhfor*. agus leis an *bhfor*. réamh) *Lig dhom fhéineach* 20.

féint /f'e:n't/ /f'aint'/ *con.* Féachaint 20 . . . ~ *an nglanfaidh sé* 19. . . . ~ *a ngeobhfaidh siad píosa aráin* 20. *Ffr. faint.*

feirc *b.* Cró (sluasaide, etc.) *An fheirc a tugtar ar an áit sa spáid i dtoen a' chois. Deirtear a' chaoi chéana le sluasad agus píce é* 24.

*feirc*², -*in* : *peirce*, -*in*.

feirdí /f'er'di:/ *f.* 1. Duine beag 20. 2. Éinín beag 20. 3. Cárta beag dona 20.

feire. *Sna ~ glinteachaí, sna feiri glinnte* 20, go h-an-tapa.

feirdeach. *Ní raibh ~ an aoín /ə'n/ e:n'/ bheo ann* 20, ní raibh duine ar bith ann.

feirgíad. *Ní raibh ~ an aoín /ə'n/ e:n'/ bheo ann* 20, ní raibh duine ar bith ann.

feirín *f.* *Ní ~ maith ar bith bheith ag déanamh grá-dia do dhaoine ar an saol seo* 20, ní rud gan costas é.

feirm *b.* 1. ~ *tí*, líon tí, bunadh tí. *An teach a bhfuil ~ a' tí in aghaidh chéile, ní shé is fearr a thoens in cinn 24 aghaidh. Tá ~ a' tí air fad isti ag a' mbéilí sin* 24 altann. *Is iomaí ~ tí a ndeacha fán orú an aimsir blianta an drochshaoil* 24 fán. *Níl aon fheirm tí i bparáiste níos tóbbhasaí ná iad 24 tóbbhasach.* 2. *Ál éanacha. . . nuair fhágann an fheirim a' nead . . . 24 dreoilín.*

féis(e) réamh. Tar éis. *Féis a ghoil a chodladh dhób* 20. *Féise sin féin . . . 20.*

feisin *dobh.* Freisin 20.

feiste *b.* 1. Cuma, caoi. *Fuair Gaillimh a chiapadh dó leis a' bh ~ a bhí air chinn na dtithe agus a' domáiste a bhí déanta aige* 27.1515. 2. Feistiú. *Tá ~ lae is bliana ort* 19, tá tú i do luí ansin gan corraí.

feit. Agall déistine 20.

féith *b.* 1. *Fear é a raibh ~ ó fhathach ann* 20, fear an-láidir a bhí ann. *Má tá ~ bheo ag goil leis [lena athair] beidh sé láidir* 20. *Chuaigh sé sna ~ eachaí aige* 20, d'ionsaigh sé é. *Bhí sé riocht a ghoil a' tarraingt na bh ~ eachaí asam* 24 . . . mé a bhuualadh. . . . *deireach siad go beag nach ra siad 'a' tarraint na bh ~ eachaí as a chéile* 24. 2. *Ní raibh ~ aige* 20, ní raibh mothú ar bith ann. *Ní raibh ~ ina chloigeann le ól* 20. 3. ~ *ná comhaireamh.* (a) Smearóid chéille. *Ní bhfuair mé ~ ná comhaireamh ann* 20. *Níorbh sé ~ ná comhaireamh aige* 20 (lenar chum sé de bhréaga dó). *Ní raibh ~ ná comhaireamh aige* 20, bhí sé as a chéill le hól, nó le fearg. *Ná fanadh ~ ná comhaireamh anois*

inniu againn 29, téadh muid ag obair mar bheadh daoine buile. (b) *Níorbh fhan ~ ná comhaireamh aige* 20, níorbh fhan mothú ar bith ann. 4. *Gearradh na féithe* 20, timpeallghearradh.

feithide *b.* Feithid. *Feithidí móra na mara a bhíodh siad a thabhairt air na héisc mhóra, más mianach éisc atá ionntu, a shloiceadh thú dá woech siad greim ort* 24.

feithideach *f.* 1. Duine beag bídeach. *Feithideachín beag bídeach* 20. 2. Duine. *An ~ is mó a chuir failtos ormsa ariamh* 20. *Níl aon fheithideach cruthaithe is láí ná é* 20. 3. ~ *an aoín bheo*, duine ar bith. *Ní raibh ~ an aoín bheo le feiceál* 20. *Níl ~ an aoín bheo anois aige* 20.

feithiú *a. br.* 1. *Ag ~ do*, i ndán do, ag teacht chuig de réir na cinniúna. *Rud nach mbeidh ag ~ dhuit caithfidh sé imeacht* 20 (le beithíoch a chaillfí). *Ní raibh aon cheo [as uacht] ag ~ dhó* 20. *An té a mbeadh an ísláinte ag ~ dhó* 20. 2. Teacht chuig duine ar a mhian. *Bhí an saol ag ~ dhó* 20.

feithleog *b.* 1. 'Convolutulus' 20. 2. ~ *faoi chrann*, 'Lonicera periclymenum'. *Sí an fhéileog faoi chrann a bhfaca mé na billeogaí glasa amuigh aici sa gcéad tseachtain gFhéil Bride* 27.1452.

feo. Agall déistine (le bréantas) 20.

feochadh /f'oxə/. Fiuchadh. *Níl aon fheochadh bruite fós acub* 20, níl siad bruite fós, cé go bhfuil an t-uisce ag fiuchadh. *Tá sí [farrage gharbh] ag ~ ó thóin aníos* 20.

feog *b.* Feag. *Feóga air fad atá a' fás air na bottoms* 27.642. *Chods a bhíheas feóg air a móin* 24, go brách. *Níorbh fhág mé craitheadh na feoige ann* 31, níorbh fhág mé dada ann.

feoghlaímíonn /f'oxə'lə'm'i:n/. Foghlaimíonn 20, 31, 32. (Foghlaimíonn coitianta freisin).

feoil. 1. *Fear caol gan aon fheoil air* 19, . . . gan aon raimhre air. *Tabhair leat an chathaoir agus cuir fhéin ~ uirthi* 19, . . . suigh síos uirthi. 2. ~ *bheo*, aineoil. *Dá bhfeiceá an meáil feoil bheo a d'fhás sa lut a bhí air a chois* 24. 3. ~ *Mhártan*, an fheoil a d'ití lá fhéil Mártan. . . . *a' chóir atá clann óg a' tsaoil seo a fháil, é n'fheoil Mhártan ar fad acu* 24 aire, . . . bia breá i gcónaí acu. *B'fhearr leat ag éisteacht leofa ná ag iche feoil Mhártan* 24 míol. 4. *Chuir sé ~ i bh ~ 20*, rinne sé comhriachtain.

feorainn : **forthann**.

feosach *aid.* Feosaí 31.

feothan *f.* 1. *Scaltrachaí feothain* 20, scala tintrí gan toirneach. 2. *Cluasa feothain* 20, cluasa bodhra, go háirithe le bodhaire Uí Laoire.

fí. 1. *Níl ~ ná feáin inniu ann* 20, ní brí ar bith inniu ann (le othar). *Ní raibh ~ ná feáin air go dtéadh sé ann* 19, ní dhéanfadh sé suaimhneas ar bith . . . *Ní raibh ~ ná feáin aige go bhfaigheadh sé é* 20.

fía *f.* *Níl souil a bich ag a' bfeair sin ach fiadh fiadháin na gcoelte* 24, . . . is fear an-aerach an-fhiáin é. ~ *na n-adharc*, fía beanpach. *Bhí sé cho dóide dhuit ~ na n-adharc a chastáil leat air na móinte . . . le grabaire ná fear óg a fheiceáil a mara eascann faoi chlocha* 24 eascann.

fiabhras *f.* *Na fiabhrais bheaga* 20 (?). ~ *féir* 19,

fiabhras léana. ~ *luí seoil* 31, fiabhras seoil. . . .
réis gurbh é ~ na scoiltí a bhí air 27.1467, . . .
 fiabhras dathacha.

fiacail *b.* 1. *Fiacla diúil* 20 (ag searrach). ~ *na sróine* 20, an dara ceann ag gach taobh de na clárthiacta. ~ *mhaircíocht* 20, fiacail ag fás anuas ar cheann eile. *Doir t'fhiacail!* 20, agall dearbhaithe. ~ *géill, cúlthiactaí. Ceann go na fiacla géil a bhí innti, agus d'fhreagair sí chomh fóidín le bun crainn darai dom* 27.724. 2. *Go ~, go barr. Líon mé mo chóra nú go ~ le iogha na n-éadaí leapa . . . 24 éadach leapa. Bhí an teach líonta go ~ le daoine* 20. 3. *Bhí ~ istigh aige dó* 24, bhí an chloch na muinchille aige dó. 4. *Duine, rud, a tharraingt faoi, trí, d'fhiacail (d'fhiacta), labhairt faoi go milleánach. . . . agus duine a bích thairníoch sé faoin fhiacail nach ndeacha sé go maith dó ná duiche* 24 *Raiftrí. Ní raibh aon chall duit é a tharraingt thraoi t'fhiacta ar chor ar bith* 19. *Tá chuile rud táirníthe (tarrainte) thrina fiacla ag an mbean chéanna* 19. 5. (Leagain eile) *Bhí feiliméarai bochta air ghéiltais chúnga a' gearra na bhfiacta nuair a chonaic siad fir oebre a' fáil an árdú deire . . . 24 árdú, bhí . . . go feargach clamhsánach. ~ a bhualadh air* 20, gan labhairt níos mó air. *Dá mbeadh do theanga faoi m'fhiacail a'm, ní labhrófa chor ar bith* 29, dá mba thusa mise ní labhrófa . . . *M'anam gur fhás na fiacla faoi dhó dhó* 19, . . . go bhfuil sé anchrionna. *Chaill mé an fhiacail a raibh an ceol inti* 19, tá an fonn spraoi, an aerail, cailite agam (mé gafa in aois).

fiach *f.* 1. *Ná raibh fios fiaigh ná fionnóige a'd!* 20 (mar fhreagra ar 'Deabhal a fhios agam'). 2. *Phréachadh sé na fiaigh dhubha* 20 (le lá an-fhuar). *Drochphoirtín a chuirfeadh na fiaigh dhubha chun báis* 20. 3. *Tá fíitios orm go gearr go racha sé go páire an fhiach 24 olatónn, . . . go bhfaighfidh sé bás.*

fiach². *Cuiriu ~ Sheán Bhradaí 'mach as na garrantai air* 24 *creideamh, díbríodh é . . .*

fiacha. *Tá ~ amuigh aige* 20, tá fiacha aige ar dhaoine. *Scaoil sé go leor ~ amach* 20, thug sé go leor cairde uaidh. *Ná bí ag déanamh ~ suite dhó* 20, ná bí á aithinsint go minic. *Tá sí i bh ~ théis na hoiche* 20, tá iníon beirthe di.

fiactach *aid.* 1. *Géar, binbeach. ~ go math dúirt a' sargint nach bhfoech* 24 *saor. Bhfaca tú fear a bích riabh is fiactaí a louir ná é* 24 *cóineas. Is fánach a' fá bhí acu a tosáí caschaintn agus hainic siad amach an fhiactach le chéile as a dheire* 24 sv. 2. *Fean-naideach. Oi Shathairn i dtús na bliana nú cho ~ agus a shéid riamh b'ea í* 24 *cúramach.*

fiadraíonn : **fiathraíonn.**

fiagacháí. *Doir ~!* 20, maolú ar *Dar Dia.*

fiagaistí. *Doir ~!* 20, maolú ar *Dar Dia.*

fiáile. *Fiaile* 20.

fiáin *aid.* *Chomh ~ le bromach* 20.

fianáise : **finis(i).**

fiál. *Féile. . . . leis a' gcroi crandai cruá a bhí acu gan ~ gan fairsinge* 24 *baillonn.*

Fiann. *I ndeireadh na Féinne, faoi dheireadh thiar.*

(a) *I ndeire na féine sén cut a bhí shíos leis* 24. . . .
an losga a bhí an seanchuisleán fháil i ndeire na féine 24 *dóiteán. (b) Dhá dtagach cómharsa isteach i dteach . . . agus dá sreitheach go mbeach a' béilí anáil a bhe hart roimhe, d'iarrach [d'éarfadh] fear nó bean a' tí 'i ndeire na féine a rugú thú' 24 *deireadh.**

fiannach *f.* *Ball den phairtí polaitíochta Fianna Fáil* 20.

fiata *aid.* *Beagshách, féata* 20.

fiathraíonn. *Fiafraíonn.* 1. *Níor fiathrú díom cá raibh mé ag goil* 19, níor thairg duine ar bith rud ar bith a cheannach uaim. *Níor fiathraíodh díom cá raibh mé á dtabhairt* 20, *id. Fiathraigh de mo thóin i gcogar cé mhéad ráithe ó Shamhain go Nollaig* 20 (a déarfai le duine a bheadh ró-fhiosrach). 2. *Fear fiathraí, duine a thairginn rud a cheannacht. Fua tou na muc abhaile gan díol ní ra fear fíaraí orú* 24 *muc. Níl fear ~ ar aon bhlas* 19.

fiathraíteach *aid.* *Fiafraíteach.* 1. *Fiosrach* 20. 2. *Go maith ag cur tuairisce duine. Bhí sí chomh lách agus chomh fíaraíteach léiche* 27.737.

fiatúil *aid.* 1. *Fear ~* 20, fear féasógach. 2. *Garraí an-fhiatúil é* 20, garraí a bhfuil fás fiáin ann.

fiáin *f.* *Creachadh. Bíonn nead a' chearc frao an-fheiceálach, díonann préachán na gearc ~ eirí go minic* 24 *cearc frao. Tá spigeanaí neanta a díona ~ air mo chuid cabáiste* 24 *garraí. Rinne siad ~ air chibé glasraí áirite a bhí curtha aige ann.* 27.1288.

fidín *f.* *Feidín* 20. *Na fidíní a chur fúthab* 20, na clocha beaga a chur fúthu [clocha móra].

fidín *f.* *Fillín* 20.

fidínteacht *a. br.* *Fidleáil. Ag ~ oibre* 19.

fidírín. *Tá sé ina ~ fuaidírín aige* 20, tá sé thrína chéile aige.

fidl /f'idl'/ 1. *As ~* 20, as giúmar. *Tá tú as ~ inniu* 20. 2. *As ~* 20, as gléas (le meaisín). 3. *Ghabhfadh sé go ~ ort* 20, leanfadh sé air ag magadh fút. ~ *feaidl* /f'adl'/ *de dhuine* 20, duine beag lag. ~ *feaidl de chlaidhe* 20, claí beag lag.

fidleáil /f'idl'a:li:/ *a. br.* *Méirínteacht* 20.

fidleálaí /f'idl'a:li:/ *f.* *Duine a bheadh ag méirínteacht le rud, ag fidleireacht le hobair* 20.

fidínteacht *a. br.* 1. *Fidleireacht oibre. Cén sórt ~ é sin air?* 19. *Ag ~ oibre* 19. *Ag ~ iascach* 19. 2. *Ag ~ ghéire* 19, ag sciotraíl ghéire.

fiíthuar *aid.* *Réasúnta fuar. Lá ~* 20.

fihear *f.* 1. *Siúl díreach éasca. Bhí ~ faoi ag goil siar* 20. 2. *Cuma na feirge le hainthir ar an iompar. Bhí ~ ina thóin ag imeacht* 20.

filí *f.* 1. *Duine a chumann filíocht* 20. 2. *Feanadóir* 20. 2. *Bhíodh céad géul g'imeacht fadó faoi pháistí a bhíodh i gliabhán go dtagadh féasóg oru. '~~' a tugtaí ar a leithidí. Cho luath is a fuair a' ~ crapadh [crapha] leiche í d'éire sé 'niar ar a thóin sa gliabhán* 24 *cliabhán.*

fililíungós /f'il'i'l'ungo:s/. *Bhí fir ann agus firíní agus ~ (=?)* 19.

filín. *Bonn claí de chlocha beaga tímpeall dhá thriogh ar airde. Balla filín, balla feidín. Sé stacht*

a' bhalla ~ an clai a rithi go deas as a chionn 24 balla filín.

filíocht *a. br.* Feannadh, liobairt. *Ar chuala tú S. ag ~ ort? 20. Ba mhór an seó ansin iad ag ~ ar a chéile 20.*

fillead *f.* ~ póca 19, neaipcín póca.

filleadh *f.* 1. Iompú ar chlaibín na súile. *Faoin darna ~ 19. (cf. iompú).* 2. *Níl mé in ann ~ ná feacadh a dhéanamh 19, níl mé in ann (corraí chun) aon obair a dhéanamh.*

fillín *f.* Fillín. *Tá fillíní déanta ag an éadach 20.*

finéagar : minéigle.

finis. *I bh ~, ós comhair. I bh ~ na tine 20. Is maith an béilí atá i t'fhinis 20. Teann i leith i m'fhinis 20. Éirigh as m'fhinis 20, . . . as mo bhealach.*

finisí¹ 1. Fianaise 20. *Tá sé ag goil i bh ~ dhóib 20. Ag tabhairt ~ 20. 2. I bh ~, ós comhair. Tá tú i do sheasamh i bh ~ an chraoin 20.*

finisí² *f.* Finné 31. . . . *nach ndéanfadh sé ~ díreach 19. Fiathraíodh de na finisithe 20. Go bharr mise le bhe m'fhinisí 27.777.*

finne *f.* Dath gruaige. *Cén ~ a bhí air? 20, cén dath gruaige a bhí air? Bhí ~ rua ina chuid gruaige 20. Finne bán 20. Is deas an ~ atá air 20.*

fiobach *f.* 1. Faobach, fuadar. ~ oibre 20. *Tá ~ cainte ort 20. 2. An-chorrai, fiántas. Tá ~ drochaimsire air 19. Tá ~ ar an bhfarraige 19. (Faobach freisin 20).*

fióchán *f.* ~ aon mhuilleata 20, . . . pátrún muileata. ~ chráimh an scadáin 20. ~ fleainín bán 20, an cineál a thugtar ar an bhfleainín bán. ~ na pluide 20, an cineál a thugtar ar an bpluid. ~ na ngarrantaí beaga 20, . . . aon muileata. ~ siúl éin 20, pátrún a bhfuil spota beag i lár muileata ann.

fiodach. *I mbarr na bh ~. (a) Fásta an-mhór. Dearfa fear in uair sin go raibh an cac [luifearnach] ag éirí i mbarr na bh ~ 24 barr. . . . ach tá an salachar i dtuinn na g mangolds aig éirí i mbarr na bh ~ 27.256. (b) Imithe fáin, ó smacht. Bhí siad imí mbarr na b ~ le gliondar a' bhua 24 bua. . . . tá clán an tsaoil seo imí i mbarr na bh ~ anois le macras, le éirí an airde agus le onóir 24 barr. (c) Éirithe ro-ard. Is iomaí duine abratonnas anois . . . go bhfuil luach gach nídh imí i mbarr na bh ~ 24 barr.*

fiodaireacht *a. br.* 1. Fiodmhagadh 19. *Ag ~ mhagadh 19. 2. Ag ~ gháirí 19, ag gáire go magúil.*

fiodán *f.* 1. Poll, folús. *Nuair a gheárr mé an fata, bhí ~ istí na lár 24 lár, . . . bhí poll. 2. Poll na tóna. Tuirfaidh mise an bhróig sa bh ~ dhuit 20. 3. Tóin. É a bhualadh ar an bh ~ taobh thiar 20. Is ort atá an ~ 20. Is deabhallaí an ~ de thóin atá air 20.*

fiodbháisteach *b.* Báisteach éadrom, agus moill bheag idir na braonacha nó na ceathanna beaga 19.

fiodchafárnach. Cioth beag fiodbháistí (*q.v.*) 19.

fiodmhagadh *f.* Magadh an duine atá ag ligean air féin a bheith dáiríre. *Tá sé ag ~ fút 19.*

fiodmhagúil *aid.* Magúil ach neamhshearbhach 19.

fiodmhúirín *f.* Muirín fiodbháistí 19.

fiodóirín. *Ag déanamh ~ 20, 'juggling' le clocha*

beaga.

fióg *b.* Feag 19.

fiönach *f.* Féar a fhasann ina thomanna beaga, mar shampla ar thaobh aille 24A. *Féar ná ~, fás ar bith (le n-íthe ag beithigh). Níl féar ná ~ san áit a bhfuil siad anois. Níl féar ná ~ le fáil níos mó acu 24 féar. Níl féar ná ~ a' fás air an úrdán 24 úrdán.*

fionn¹ *f.* An choirt istigh den chrann 24A.

fionn² *aid.* . . . ní choirneóch do cheann ~ as bradaí iad 24 coingir, ní choirneóch do dhícheall.

fiönach *f.* Fionnadh. *Liathróid fionthaí 19. Rópa fionnaí 32. Bhí sé chomh maith dhuit fionnach gabhair a dhéanamh chomh réidh le olaínn caorach le bheith . . . 20. Tá an fionnuch in a sheasa air na beithí le gorta 24.*

fiönachan. Fionnachan rua. *Sin gárla hagamns air na fataí nuair atá a gcuid fáis díonta. Iompuigheann na billeógáir rua oru 24. Thagadh ~ orthu réis leasú an mhála 27.1455.*

Fiönán Fionn. *Beidh sé ina Shamhradh dearg arís go gcuirfhi ~ a' chloch fhuar san abhain air thús Dheire Fómhair 27.1484. Oí ~ a théannas an chloch fhuar san abhainn. Lá'il Páraic na bhFear a bhaintear as í 24A.*

fiönóg *b.* Thug sé ~ faoi 20, ghoid sé beagán de. *Tugadh fiönógáir faoi 20, goideadh roinnt de. Tá fiönóg fáite aige 20.*

fiönrua *aid.* Súile ~ 31, súile bándonna.

fiönruarta /f'ino:rtəs/, /f'ino:rtəs/ 20, *f.* Fionnuaire. *Tá ~ breá ón ngrían faoi an gcrán seo 24. ~ breá teacht an tráthnóna 20.*

fiönruartha /f'ino:rə/, /f'ino:rə/. Fionnuar. *Is é an treabhsar is fionnóirí é sa Samhradh 20.*

fiönúch : fiönuch.

fíor *aid.* Is ~ dhuit, is maith an tseift é. *A. Dá mbeadh an fheoil gearrtha anois agat . . . B. Is ~ dhuit 20. A. Gabhfaidh muid isteach taobh thiar. B. Is ~ dhuit 20. A. Suigh anseo. B. M'anam gur ~ dhuit 20.*

fíor-réim. *threise, le cur le aid. ar bith; agus le roinnt ainmfhocal. Is féidir í a chur le réimíreanna áirithe eile.*

fíor-aimsir *b.* Aimsir an-bhréa 20.

fíorbhaladh *f.* Boladh an-láidir 19.

fíorbhasctha *aid.* An-dona ar fad 20.

fíorbheagán *f.* Beagáinín beag 20.

fíorbhréagach *aid.* An-bhréagach 20.

fíorchorp. *Le ~, - níos treise ná le corp (le teamn). Á mbeadh sé a' cathadh pící nó 'a' sceana gréasaí' mar deirtear le ~ drochlá 27.59.*

fíor-chorrduine *f.* Duine i bhfad ó chéile 20.

fíor-chorr-sheandúine *f.* Seandúine i bhfad ó chéile 20.

fíor-chorrúair *b.* Uair an-annamh 20.

fíorchuimhne *b.* Cuimhne an-mhaith 19.

fíor-dheá-dhíonta *aid. bhr.* An-deá-dhéanta 20.

fíordhíomhaontas *f.* An-díomhaointeas 20.

fíor-dhrochlá *f.* An-drochlá 20.

fíreán *f.* ~ Márta 20, éan a thiocfadh sa Márta as ubh a bhéarfaí faoi Mhárta.

fíor-fíordheacair *aid.* An-deacair amach is amach 19.

fíor-fíofhráthúil *aid.* An-tráthúil amach is amach 19.

fíorláir *b.* An seachtú láir a bhéarfaí do sheachtú láir 31.

fíormhóin *b.* Móin an-mhaith 20.

fíorsheanaimsir *f.* *Sa bh* ~ 19, sa seansaol ar fad.

fíorshealbhcán *f.* Cineál áirithe sleabhcaín 19.

fios *f.* 1. (Foirmeacha gan aiceann) a fhios > /əs/ /s/. Tá a fhios /ta:s/, bíonn a fhios /b'i:n's/ 19, beidh a fhios /b'eis/ 20, /b'ehəs/ 19, bheadh a fhios /v'ets, v'exəs/ 20, /v'ehits/ 19, bhí a fhios /vi:s/ 20, 19, etc. etc. I ngan fhios /nunəs/ 20. 2. Tá a fhios ag Dia go . . . , ag Mac Dé go . . . , . . . ag an saol go . . . , . . . ag an lá go . . . 20, tá a fhios ag gach duine. Bheadh a fhios ag dall gan tsúil é sin 20. 3. Tá a fhios ag mo chroí nach bhfuil 20, tá mé dearfa. Tá a fhios ag mo chroí is ag m'anam gurb shin í an fhúinne 20. 4. Deá-bhéas. Níl ~ ar bith aige 20. Níl sórt ~ ar bith aige sin 20. 5. Le ~ cén uair, le fada fada. Ní fhaca mé a' taobhachtáil a' í é le ~ cén uair 24 thaoibhonn. Ní fhaca mé le ~ cén uair é 20. 6. Beidh a fhios agam ó Mháire é 20, gheobhaidh mé an t-eolas ó Mháire. Beidh a fhios agam amáireach é 20, cuartóidh mé an t-eolas agus gheobhaidh mé amach amáireach é. Níl ~ ná fáirnéis a'm air 20. 7. Is deabhallaí na fiosannaí bhí tastáil uaidh 20, . . . na pointí eolais. Ag iarraidh ~ 20, . . . eolais (nár bhain dó). 8. (Mar a bheadh cuspóir díreach ina dhiaidh) Is aice is fearr atá 's na focla sin 20. Sin a bhfuilios agam fútha . . . 27.1165. Ab shin é a bhfuil fhios a'd? 20. Tá's a'm fear a bhí i nGaillimh Dé Satharainn . . . 20. 9. (Athrá ar fhios i ndiaidh fearr le treise) Níos f(h)earr fhios / . . . f'a:rəs, a:rəs/. Bhí's aige níos fearr 'ios 20. Níl a fhios againn níos fearr 'ios. Tá's a'tsa níos fhearr 'ios 19. (cf. Éigse 8.243). 10. (Leaganacha eile) Ní raibh ~ f(a)igh ná fionnóige aige 20, ní raibh fios ar bith aige. Ná raibh ~ fia aige! 19 ~ le duine rófhiosrach. Ná raibh ~ Dé a'd! 20 (eascaine). Níor thug Dia ~ dá mháthair 19 (le duine a bheadh rófhiosrach). Tá a fhios aici go bhfuil sí ann 20, tá ard-mheas aici uirthi féin. Chuir Dia ~ air 20, cailleadh é.

fíor *b.* Fíor. Tá ~ na maitheasa ann 20, is oibrí am-bhaith an-dícheallach é. ~ na hoibre 20, id. Tá ~ ann 20, id.

fíréad *f.* 1. Duine tanaí. Nach é an ~ é! 20. 2. Tá do shúil chomh maith le súil fíréid 19 (le duine géar-radharcach). 3. Ní raibh ~ an éin [ain] bheo amuigh 20, . . . duine ar bith.

fíreann *aid.* Fata ~ 19, práta a bhfásann barrainn ghlasa aníos as, agus ní as súil ar bith a fhásann. Caith uait é sin. Fata ~ é sin 19.

fíreannach *f.* Duine fireann. Sfh. Ní ceart ~ a fhágáil ar deireadh 20, ní ceart gasúr fir a fhágáil gan freastal.

fírinne *b.* Deirimse leatsa sa bh ~ nár thaobhadh ceac[h]tar go mhuintir a' chlub é chóds a bhí siad [arm Shasana] ann 27.858.

fírinneach *aid.* De réir na fírinne. Chó ~ leis a lá bán 24 bán.

fíriúil *aid.* A bhfuil cumas agus duthracht oibre ann. Capall ~ 20.

fít /f'i:t/. Agall ag glaoch ar lachain. ~ ~ 19, 20.

fíthín *f.* Fíthín 19. Lán le ~ í 19.

fiú. 1. Is ~ faitíos í 32, is díol faitís í [toirneach]. 2. Ní ~ cac an bhaile é 19. Ní ~ cac an deabhail é 19. Ní ~ deich triuf é 20. Ní ~ do bhéal a oscailt air 20. Ní ~ dalain dé /'dalin' de:/ é 19. Ní ~ madra alla gan fiacail an garraí sin 19. Ní ~ sciortán bacach é 27.1431. Ní ~ trumpa gan teanga é 19. Garraí beag narbh fhiú do sheacht mallacht é 20. Ní ~ smugairle tobac thú 19. Ní ~ uisce na bhfataí é 20. Ní ~ uisce agus salann é 20. Ní ~ táirne 'six-penny' thú 19. 3. Go ~ (leis an tuis. ain.) Go ~ na sagairt fhéin, bhíodar ann 20. 4. ~ amháin. (An tuis. ain. ina dhiaidh) Níor fhága sé ~ amháin an t-uisce fhéin istigh ag imeacht dó 20. ~ amháin focal níor labhair sé liom. 20. ~ amháin na casáin bhíodar báite 20. 5. (a) Go ~'s (ain. nó gin. ina dhiaidh) Go ~'s na Cóilios bhíodar ann 20. Go ~'s na gcipíní fhéin bhíodar bailithe isteach acub 20. (b) Go dtí ~ ('s). Go dtí ~'s muintir an Spidéil fhéin . . . 20. Bhí chuile shórt sa siopa go dtí ~ na mbróga 20.

fiúntas *f.* Flaithiúlacht. Ní mórán fiúntais a chaith sé leis 20.

flá *f.* Botún. Rinne tú ~ mór 20.

flaisc. 1. Tóin mhór. ~ de thóin air 20. 2. Buille torannach. Buailleadh ~ air 20.

flaiscín *f.* 1. Tóin. Buail do fhlaiscín fút ansin 20. Suigh síos ar do fhlaiscín 20. Marab ort atá an ~ tónach 20. 2. Leag isteach ar fhlaiscín do chroí é sin anois 20, ól siar é sin anois. Chuir sé isteach ar fhlaiscín a chroí é 20.

flapóig *b.* Beainín bheag leathan a mbeadh siúl na lachan aici 20. ~ mná 20. ~ de bhean 20.

flaig *f.* Ba leis an ~ uilig 19, ba leis an bua. Thug sé an ~ di 20, loic sé uirthi, thréig sé í.

fléaim. Dada. Níl ~ aige théis an tsaol 20. Deabhal ~ a rinne sé air 20.

fléar. Foláir 19, 20. Ní ~ 'uit . . . 20. M'anam gur i dtáisce nach ~ dhuit iad a chur 20.

fléasc. *f.* Cába. Bhí ~ aniar ar a bhráid 19.

fléascach *f.* 1. Duine a gclisfeadh air gníomh a dtabharfadh sé faoi a dhéanamh. ~ thú! 20. A fhleascaigh, tá tú cliste! 20. 2. Duine a loicfeadh roimh obair, meatachán. Nach é an ~ é! 20.

fléatar *f.* Pancóg a dhéanfaí ar ghrideall 19.

fleot /fo't:/ *f.* Amadán. Tá sé ina ~ 31. ~ amadáin 31.

fleotar *f.* Amadán. ~ amadáin 31.

fligears *iol.* Smidiríní. Rinne tú ~ dhó 20. Tá sé ina ~ agad 20.

flíoch *f.* Flíodh, *Spergula Vulgaris Boenn*, 31.

flíotar *f.* Dada. Níor fhan ~ ann 20, . . . féar ar bith . . . Níl ~ aige 20. Dhiún ~ air 20, . . . gortú ar bith air. Níor thug an sagart ~ dhó 20. Dhiún ~ loicht air 20.

flíp. Níor fhágaibh sé ~ ina chluais 20, mharaigh sé é 20.

flipeálann. Maraíonn. *Bhfuil sé flipeálte agat?* 20.

Flipeáil mé é 20.

fliúc. Dada. *Ní ra fliúc dhá dhíona ach amui ar a' leac-oere . . .* 24 *scaradh.*

fliuchadh /fl'oxa/. *Ní raibh muid ach dhá bh~* [na maidí] 20, ní raibh muid ach ag iomra ar éigeán is ag imeacht go mall.

fliúit /fl'u:t/ b. *Logán na fliúite, an béal (?)*. *Suigh síos nó tiúrfaidh mise ar logán na fliúite dhuit é 20.* *Bhuail sé ar togán na fliúite é 20.*

flosc- : flusc-.

fluscadh a. br. f. 1. Caint líofa, roiseadh cainte. *Ag ~ bréaga 20.* 2. Caint ghaisciúil. *Tá fluscaí móra aige 20.* *Is aige bhí na fluscaí 20.*

fluscáil a. br. Caint ghaisciúil 20. *Neart ~ aige 20.*

fluscáilte aid. Gaisciúil sa chaint. *Tá sé an-~ 'liug 20.*

fluscaireacht a. br. Roiseadh cainte. *Ag ~ leis 20.*

focal. 1. *Tá ~ ag fear eile air 19*, tá sé iarrtha ag fear eile is geallta dó. *Bhfuil ~ orthab?* 20, bhfuil siad iarrtha is geallta? 2. Geallúint. *Ní raibh sé suas lena fhocal 20.* *Tá ~ aige 20*, is féidir a bheith ag brath ar a fhocal. *Ní raibh aon fhocal fir aige 20.* *Níl ~ tincéara aige 19*, . . . focal ar bith aige.

fód f. 1. Talamh. (a) *Tá ~ maith ann 20*, tá ithir dhomhain ann. *Tá neart fóid ann 20*, id. (b) *Níor sheas sé air fhód ghlas na hÉireann aríomh aon sagart amháin níos fearr ná é 24.* 2. (a) ~ bréige, fód a bhaintí sa ngeimhreadh agus an garraí á rómhar agus . . . *Baintí ina preab ríst í nuair a bheadh a' garraí dá fhódú agus leagtha go deas í idir na sgoilleogal . . .* *Is ~ bréige a chuirea air sin 27.1451.* (b) ~ baic, fód bréige. ~ *baic nó ~ bréige 24.* (c) ~ boird, fód ar imeall na hiomaire. *Ag iompú an fhód boird 20.* 3. Créafóg na huaighe. . . *go ndéacha ~ eiri 27.335*, . . . gur cuireadh í. *Is fada a bhí a chúl air a' bh ~ 24* cimíonn. *Is mór a' truaig a chúl a bhe air a' bh ~ 24*. . . *no go dtóe do chúl air a' bh ~ 24.* 4. Sraith fód. *Ocht bh ~ as cionn boird ann 19*, sraith ocht bhfód (móna sa bhád). 5. (a) ~ sínte, ~ *sléamhain*, gach fód i ndiaidh a chéile sa charnán móna, agus ní anuas ar a chéile mar a bheadh sa ghníomh. *Níor chuir mé gníomh ar bith uirthi ach ~ sléamhain 19.* *Ní raibh sé d'am agam gníomh a chur ar an móin ach chuir mé ~ sínte uirthi 19.* (b) ~ *crúibe*, fód a thabharfá leat i do chrúib ag scaradh móna. *Bhéara trí nó ceathir g'fhóide ar a' gcláirín leat agus ceann eile in do chrúib a dtugach siad a ~ crúibe air 24 scaradh.* 6. (Mar ábhar ti). *Bothán fóid 19.* *Tíffí [tithe] fóid 19.* *Beanna fóid 19.* 7. Meaf. Nuair a chlis sé air na fóide fada b'éigeann dó imeacht air na caoráin 24 spré, nuair a chlis air na mná a raibh spré mhór acu a fháil, b'éigeán dó mná na spré bige a thriail.

fódaíonn. Cuireann (prátaí). *A' fódú fataí 27.159.* *Ffr. fóidíonn.*

fodar f. Luifearnach. 1. *Bhí sí [nead] ann . . . agus í déanta gon ~ a bhí a' fás hart timpeal ann 27.1321.* 2. *Chun fodair, chun diomailte.* *Is iomai áitiú breá a fua ar [i] léig 'san [is chun] fodair go*

bhárr óil 24 óil.

fodarnach f. Luifearnach, fear gan mhaith measctha le luifearnach. *Ní súgán tuí bhán a bhíonnas anois hart acu ach ~ air bith a dhéanfhas sórt súgán dhíobh 27.1444.*

fogas : fagas.

foghail b. *Tá sé i mbéal foghla 20*, níl aon chosaint air (garraí, etc.). *Ag déanamh ~ chorráin 20*, ag fágáil coinlín rófhada le linn bainte le corrán. *Níl aon fhoghail is mó amuigh ná ~ an chorráin 20.*

foghairt b. 1. Faghairt. ~ *a chur san iarann 20.* 2. Géire faobhair. *Ní féidir í [speal] a tharraingt as a béal oireas a díol ~ bheith inti 24 béal.* *A' láí a ra tou na ~ e inntí 24 láí.*

foghartaíonn. Faghartaíonn 31.

foghlaímíonn : feoghlaímíonn.

foghlu a. br. *I mbéal foghlaithe 20*, i mbéal foghla (q.v.).

foideacht b. Faide. *Dhá fhoideacht é an bóthar 20.* *Is ar a fhoideacht 20.* *Ag goil 'un ~ 20.*

fóidíonn. Fódaíonn 20.

fóifíonach /fo:'fi:nəx/. Fóifíneach 20, 32. *Ffr. fuaifíneach.*

foighdeach aid. Foighneach 20.

foighdeán f. *Tá ~ aici 20*, 19, tá sí (bó) tugtha do bheith ag tabhairt foighdeáin do dhaoine.

foighdeánach aid. Tugtha don fhoighdeán. *Tá an bhó sin ~ 20.*

foighdiúil aid. Foighneach 20.

foighid b. Foighne 20.

foilint a. br. *Níl siad [cléibh] ag iarraidh aon fhoilint 20*, ní gá iad a iompar.

fóilleach. Fóill. *Go ~ 20.* ~ *fóilleachain (beag) 20.*

foilníonn. Fulaingíonn. *Foilín an cliabh seo dhom 20*, iompar . . . ~ an t-ualach 20.

foilsíonn. Tugann le feiceáil. *Shol má d'fhoilsigh an ghrian 32*, shul má tháinig an ghrian ar an aer.

fointiniúil aid. Oiriúnach, úsáideach. *Go bharr mo gharraí-sa a bhe an-fhóintiniúil dhó ag a theach 24 tugann. . . meireach go bhfuil sé an-fhóintiniúil dhaofa hén 24 cuireann.*

foireann f. 1. *Ní minic a tháinig sé le ~ 20*, . . . le comhar. 2. Cúpla ball éadaigh. *Cheannaigh sé ~ éadaigh 20.*

foireasa. Uireasa 20. *Is deabhallaí fhéadas tú a dhíonamh á bhfoireasa 20.*

foirgeann. Déanann críonlobhadh. *Foirgidh sé sin ort 20.*

foirgthe. Millte, 'marbh'. *Tá mé ~ ag an slaghdán 20.* *Tá mé ~ ag daightheachaí fiacal 20.*

foiriseach aid. Cuthail, réchúiseach. *É chomh ~ le goil chun cainte leis 20.*

foiriúin iol. Carraigreacha móra. *Cáithleach na bh ~ 19.*

foirisiún f. Riar earraí. *Thug sé ~ as [an siopa] 20.* *Cheannaigh sib ~ i nGaillimh inné 20.*

foirneáil a. br. Duil thart ag g'leo san oíche. *Ag imeacht ag ~ sa meán oíche 20.* *Ag ~ sa deireanas 20.*

foirneálaí f. Duine a bheadh ag foirneáil (q.v.) 20.

fóiséad f. 1. An chuid den lampa a choinníonn an

buaiceas 19. 2. Béal aibhne a mbeadh caise láidir ann 19. 3. ~ *tónach* 19, poll tóna (beithigh). *D'oscail sí an* ~ 19, tháinig scuaid bhuinní uirthi [bó]. *Tá an* ~ *osclaithe aige* 19, tá an bhuinneach air.

fóiscar *f.* 'Osier'. *Slat fhóisir* 19. *Slatachaí* ~s 19. **fóisiléad** *f.* Geocán len ól tríd 32, piopa beag uisce 20.

foisín *dobh.* Freisin 20.

foithín *f.* Bun beag, coca beag. *Tá foithíní láidir déanta dhóib* 20, cocai féir níos láidre ná bunchocai beaga. *Foithíní móra a dhéanamh dhi* 20, goigíní móra a dhéanamh (den mhóin).

foithínín : **fúimín**.

folach *f.* 1. ~ *na leapa* 19, clúdach an tochta chlúmhaf. 2. Bean mhór ramhar. *Nach í an* ~ *mná* / 20. *Ffr. falach, valach.*

folafonn : **falaíonn**.

foláir : **fleár**.

folamh : **falamh**.

folann. Fulang. *Ar a* ~ 33, (le bád) ar a cíle go díreach ar thalamh tirim.

folannach *f.* Fulangaí 20.

folannaí *f.* Fulangaí, duine i riocht go leor a fhulaingt. *Is deabhlán an* ~ *thú* 19.

folcann : **fulcann**.

folláin /fula:n'/ *aid.* *Chomh* ~ *le croí na haille* 20. *Tá an bheirt agaibh chomh* ~ *le dhá aill* 20. (Fiacail) *Chomh folláin le bun crainn daraí* 27.724. *Tá sé cho* ~ *le cloch* 20. *Chomh* ~ *leis an mbradán fearna* 20, . . . *leis an madra uisce atá ag snámh san abhainn* 19.

follántas /fula:ntəs/ *f.* Folláine 24, 20. *Duine d'íosfadh rud ar bith le teann follántais* 20. *Sé* ~ *na háite atá dhá thairgnt ann* 24.

follasach *aid.* Soiléir le cloisteáil. *Nach é* [raidíó] *atá* ~ 20.

folt : **fult**.

folúil : **fuilúil**.

fómhar. 1. (a) ~ *beag na géamha* . . . *ó'n cúigiú lá déag go Mheán Fómhair go dtí an cúigiú lá déag go Dheire Fómhair a bhíonn sé* 24. (b) *An* ~ *Beag* 24, *id.* 2. ~ *na mban fionn, go mbeach na fir ar fad marbh* 24.

fón : **fúm**.

fónáid *b.* Fónóid 20.

fónamh *f.* *Duine ar* ~, duine saibhir 'uasal', duine measúil. *Níl ann ach drochsheans má thagann aon nduine air fóghna go teach Ghortachaladh níos mó* 27.1060. *Daoine air fóghna a bhí a' téacht air fad aige* 27.740. . . . *a' seans céana go chlann a' duine bhoicht cho maith le clann a' duine ar* ~ 24 *clann. Bhí sé coinne* [coinnithe] [ar] *sról* [siúl] *seasta ag na Blácaí agus ag dreamana air fóna* 24 *leasaíonn.*

fonn *f.* 1. Glór amhránaíochta. *Bhí* ~ *aici sin, níl aon fhonn againn* 19. 2. *Mo chuid foinn, mo mhian chun caithimh aimsire. Á n-éireódh leis a chuid foinn a bhe air agus é in iumar a mhaidín sin* 27.239. *Níl a chuid foinn air a' bhfear bocht le abhrán a ghéil* 24. *Faraoir is beag iad mo chuid fuinn le ghoil an aon áit níos mó* 24.

fonnúil *aid.* Fonnmhar. . . . *an tairbhe bhred tá ins na fataí agus cho* ~ *is a bhíthea a goil thrioth' dá bhárr* 24 *cloch ghorm.*

fonóid : **fónáid**.

fonsa *f.* 1. *Thíos leis na fonsaí, 'thíos' leis an focaíocht (cúrsaí airgid, nó cúrsaí trioblóide). Sé an fear a maraíobh na caoire air tá shíos leis na fonsaí* 24. *Sén yank a bhí shíos leis na fonsaí air gas a glaoideadh is a h-ólú* 24. *Fríomh an fheoil aige agus bhí fhios aige go math go mbeach sé shíos leis na fonsaí* 24 *saorann. Cháil fear na gcaorach a' dlí agus cuiríú síos leis na fonsaí air fad é* 24 *daorann.*

2. *Is iomai duine a d'airí fonsaí an ocrais saol a' ghorta fadó* 24 *gorta, . . . pianta an ocrais.* 3. *Fonsaí, síoga. Cédós fonsaí iad sin?* 20 (le síoga in éadach). 4. *Cuirfidh mise fonsaí ort* 20, ceanglóidh mé thú.

fora *f.* Fabhra 20. *Níor leag mé an* ~ *thíos ar an bh* ~ *thuas i gcaitheamh na hoíche* 20, níor chodail mé néal . . .

foracan *f.* *Buaileadh* ~ *maith air* 19, . . . roinnt mhaith air.

foracún *f.* Roinnt mhaith. ~ *báistí* 20. *Tá* ~ *ceannaíthe aige* 20.

forainm : **fuairainm**.

forais. Agall ag glaoch ar mhuc 19, ar bheithíoch 20.

foraisín. Agall ar glaoch ar bhó 20.

foral *a. br.* *Ag* ~ *leis* 20, ag fanacht leis. *Ag* ~ *ort* 20, ag fanacht ort, ag súil leat.

foralta. *Ar* ~, ar forbhás le mífhoighne. *Shílfed go bhfuil tú ar* ~ 20.

foraps. 1. Agall a déarfaí le gníomh tobann meargánta 20. 2. Fuadar torannach. *Bhí* ~ *ag jointeannaí ag goil thart* 20 (aimsir bainse).

forásta *aid.* Forásach. *Saighdiúr* ~ 20.

forcálann : **farcálann**.

forcambás *a. br.* Forbhás. *Bhí sé ar* ~ *imeacht* 20. *Fear a bhfuil suim ina ghraithe tá sé ar* ~ 32.

forchraiceann : **fuarchraiceann**.

forchruit : **fuarchruit**.

forfhocal : **fuarfhocal**.

formán *f.* 1. Tormán 20. 2. ~ *de bhean* 20, bean anmhór. 3. Siúl maith crua. . . . ~ *siúil aici* 20. *Tá sé ag tíocht le* ~ 20. 4. Obair chrua dheifreach. *Tá* ~ *oibre inniu uirthi* 20. *Bainfidh mise* ~ *asad* 30. *Bhain mise* ~ *as* 20 [as asal]. 5. *Bhí* ~ *faoi* 20, bhí sé ag caint go líofa, agus go gleomhar. 6. ~ *de bhroim* 20, broim láidir thorannach.

formánach *f.* Oibrí maith láidir. ~ *crua láidir* 20.

formaoil *b.* Bean aosta gan pósadh 19.

formhór *dobh.* Beagnach. *Bíonn sí ina súí* ~ *ar feadh an lae* 20. *Bhí mé* ~ *i mo chodladh an uair sin* 20.

formna *f.* Forma 20.

forrach : **farbhach, farrúch**.

fosaoid. 1. *Dul i bh* ~, dul ó bhéal go béal ina ábhar mór córá is cabaireachta. *Tá an scéul maith go leór mar dteigh sé i bh* ~. *Sin go gcloiseadh na daoine é agus go scapfhadh sé amach. Níl rud ar bith is mó a theigheadh i bh* ~ *fadó* . . . ná cleamhnas beirt a bheadh déanta go bharr na hoi 24. *Bhí an scéul*

bhosaid an uair seo agus bhí go leór a' faire cén chaoi a rachadh a' bonn [bun] 24 tine. 2. Cuireann i bh~, scaipeann (scéal). Sén té a chuir i bh~ ar dtús é is ciontach le chuire short 24. Is fadó chuir muid i bh~ dhaofa go ra muid ag iarra an bhothair fháil 24.

foscadh, -cúil : foscadh, -cúil.

foscail b. Léargas, eolas. . . le tille brabaigh a fháil air údair áirite nach bhfuair sé a dhíol ~ orthu i dtithe eile 27.1471. . . go dtiúrfadh sé ~ ar an gcrann dó 24 geallann.

fostaíonn : fastaíonn.

fostú : fastós.

fothach /fo:x/ f. Cleabhar mór ('horse-fly') 20. Fothachannaí móra 20.

fothar /fo:t/. Níl féar ná ~ ann 20, níl dada de rath ag fás ann. Ffr. futhair.

frae b. Prae. Ní ~ mhór ar bith an lá 20. Ní ~ mhór é [duine] 20.

frae² 1. réamh. ~ chéile, ar fad le chéile. Bhíodar imithe ~ chéile 20. 2. for. 3u. b., léi 20.

fraeics iol. Tá go leor ~ ina chloigeann 20, tá go leor smaointe aisteacha, 'rothaí', bíonn sé 'ag déanamh caisleán san aer'.

fraeicsáilte aid. Speidhearúil, aerach, tugtha don fhraeicsáil 20.

fraisceans. Thosaigh na cosa ag goil i bh~ air 20, . . . ag cliseadh air [fear ólta]. Chuaigh an obair i bh~ air 20, chinn an obair air.

fraigh /fro/ /fre:/ b. 1. Bhí sneachta go ~ ann 20, bhí sneachta mór ann. Mé fágtha ar thaobh ~ liom fhéin 20, . . . i mo chadhan aonair ar thaobh na fraightheachaí 19. Ar thaobh na bhfraightheachaí leis fhéin 19. 2. Amach ar na fraightheachaí 20, . . . ar an drochthalamh. Thuas ar na fraightheachaí 19, thuas ar thaobh cnoc. 3. Imeach. Ná bí ag goil amach ar ~ na haille sin 19. Ar ~ an bhoird. 19. 4. Ag imeacht le ~ 19, ag imeacht le cladach (ag toraíocht raice).

fraicil. Flúirse. Bhí ~ óil ann 20.

fraí magraicean /'fri: mæ'gre:ʃən/. 'Free (e)migration', scéim áirithe a chuir daoine go Meiriceá gan táille. D'imigh sé ar an bh~ 20.

Fraincis b. Bhain sé ~ as 20, dhúbir sé é. Bainfidh mise ~ asat! 19, buailfidh mé thú.

fraisin. Bó 'Friesian' 19.

framsáil a. br. Pramsáil, ramsáil 20.

framsó f. Spraí (ag tórramh). . . go dtosóch a' ~ 24 cruít.

francach aid. Neamhchoitianta. Gróigíní francacha 19, gróigíní móna ina bhfuil na fóid ina luí go cothrománach ar a chéile. Ffr. guigin.

fraochán f. Drochthalamh tanaí. Níl blas ann ach fraocháin 20, garraithe drochthálún.

fraochmhar aid. Croíúil, beoga. Chomh ~ le mionnán míosa 20. Bhí sé ~ sásta ag goil chun bealaigh 20.

freagraíonn. 1. Tugann le taispeáint, dealraíonn, breathnaíonn. (a) Ní fhreagair sí go raibh blas fuaicht eirí 27.629. Bodóg nó bó a dáirtear agus nach bhfreagróidh ar dáir woe sin amach agus

nach dtiúra aon lao na dhiaidh sin leiche . . . 24 bodóg. Réis go fhreagair sé cho marbh le scadáin hug a' dochtúir air ais le neart sua [é] 24 tugann. Sílim nach raibh siad basgatha dtaobh talamh, d'fhreagair a chóir nach raibh 27.1155. Nuair a thraochas a' mhóin air ball ní fhreagró sí baol cho tiubh 24 gróigin. (b) ~ do, samhlaítear do. . . d'fhreagair sí choghm folaín le bun crainn daraí dom 27.724. . . hárla nidh amháin . . . a d'fhreagair aisteach dom . . . 27.122. ~ sé dhom go bhfuil tille teasúch air 24.

freangach f. 1. 'Dogfish' de chineál áirithe. ~ dubh, ~ glas 19. 2. Duine fada tanaí 20. 3. Duine coilgneach cantalach 20.

freastal a. br. ~ do. Dhá bhféadfainn ~ don obair . . . 20. Tá mo sheacht ndóil a'm le ~ dó 20.

freisin : feisin, foisin, froisin.

fríbháisteach b. Brádán báistí 20.

frishneachta f. Flichshneachta 20.

frois. 1. réamh. Leis, chomh maith leis. ~ an méid sin 20. 2. for. réamh. 3. u. f. Cé bhí ~? 20.

froisin f. 1. Babhta troda. Thug sé ~ troda dhó 20. 2. Íde béil. Thug sé ~ cainte dhó 20. Feicfidh tú fhéin go dtiúrfaidh mise ~ dhó 20.

froisin dohb. Freisin. Tháinig mé fhéin aniar ~ 20.

fromsó. Spraí, cluifí tórraimh. Sin é an tainm a bhíodh acu air a' spóirt a bhí in tithe tórramh roimhe seo. Chuire chleas dá mbíodh air bun acu bhí ainm dó féin air, ach a gcur le chéile is '~' a bhí orthu 24. Ffr. framsó.

fronsa : framsó, fromsó.

fros réamh. In éineacht le 20. Ffr. frois.

fru réamh. ~ liom, ~ leat, ~ lé 20, frum, frat, frae. Cé bhí ~ leat? 20.

frugiseáilte aid. Lán le froigisí 20.

fruislín (= ?). Tá nead ag an bh~ bhfrailín. Tá nead ag an gcaislín cloch . . . 19.

frum for. réamh. 1u.; 2u. frat; 3u. frois, b. frae; 1. iol. fruinn; 2. fraoib; 3. frób 20.

fua. Ní bhfuair mé ~ ná freagra uaidh 19, . . . fáir ná freagra uaidh. Dhiún ~ ná freagra a thiúrfadh sé dhom 19.

fuaicht f. Ní raibh ~ ná leisce air . . . 19, níor leasc leis . . .

fuadach f. 1. Luas mór. Is aisteach a' ~ bhíonnns faoi chour chár 24. Bhí ~ faoi an mbean ag imeacht ag iarra breith air a traen 24 . . . in aimsir drochuartha (sic) a mbeadh ~ faoi na réalta a' goil har a' ngealach 24 brocghéalá. 2. ~ as, 'tabhairt as' ag síoga. ~ as oraibh! 19 (eascaine). Tá ~ as teagtha air 19, tá sé imithe ar throigh gan tuairisc.

fuadaíonn. Imíonn le gaoth. Thosaigh na scraitheachaí ag fuadach 20. Meas tú an bhfuadóidh aon cheo anocht? 20. D'fhuadaigh sé 20, séideadh chun bealaigh é. . . é fuadaithe den bhóthar 20, é ag imeacht an-sciobtha ar an mbóthar.

fuagraíonn. Fógraíonn; (le stoirm) déanann tormán. An bh~ an teach seo a'tsa mórán stoirme? 20, an gcleistear tormán na gaoithe timpeall ar an teach. ~ siad go leor stoirme, na crainnte céanna 20.

fuaid¹ f. *Fud. 1. Ar fhuaid an tí 20. Faoi fhuaid an tí 20. 2. Níl pín ar m'fhuaid 20, . . . agam.*
fuaid² b. Ionsaí. *Thug sé ~ mhór fút 19. Thug sé ~ chainte faoin easpag inniu 19.*
fuaidreamh f. *Duine a bheadh imithe ar ~ 20, imithe gan tuairisc. Beithíoch a bheadh ar ~ 20, . . . imithe amú gan fáil air.*
fuafionach /fuə'f'i:nəx/ f. *Fóifíneach. Agus bhí a ainm mar ~ air theanga chuile dhuine 27.1263, bhí blas gránna . . . Ffr. fóifíonach.*
fuaigh b. *Uaigh 32. . . go leagtar sa bh~ é 27. Ligeann béal na fuaighe rud chuig béal na truaighe 32. Tá mo chois ar bhéal na fuaighe 19.*
fuaim b. ~ siúil. *Luas mór. . . carr a bhfuil ~ siúil faoi . . . 24 clfh lúbáin. Bhí ~ siúil ag imeacht aige 24A.*
fuaimint, -iúil: fúinniméad, -ach; fúiminnéad, -ach.
fual f. . . go mbainfí seacht saghas fuail as 19, . . . go dtraochfaí ag obair é.
fualann. *Múnann. D'fhuail sé orm 20. D'fhuail sí 19. Caitífidh mé fual 20. Is geall le gadhar é a bheadh ag fual thrí shneachta - cor anonn agus cor anall 19 (le fear a bheadh ag imeacht ó thaobh go taobh). An bh~ cearc? 19. Ní raibh sí in ann fual i mbuidéal 19. Ní dhearna sí ach fual anuas 19.*
fuálann. *An chaoi a ra na taobháin fuáiltí go na ratai 24. . . bain dtíot é agus fuála mé é 24. Air a' soes sin táilúirí a bhí ag imeacht ó bhaile go baile is ó theach go teach. . . is 'a' fuáil amach' a tugai (sic) air sin . . . iadsan a d'fhanach a' fuáil na gcuid tiche héin . . . 'a' fuáil istí' a tuirai air sin 24.*
fuann. *Shílfeá gurb é chaoi ar fuadh air é 20 (le culaith éadaigh a bheadh luite le duine). Tá an t-éadach fuaite air 20 id..*
fuar. *1. Níl sé le fáil ~ ná bruite 20, níl sé (rud ar bith) le fáil ar chor ar bith. 2. ~ beithíoch. (a) Amh. D'íth sé ~ beithíoch iad 20 (bairnigh gan róstadh). (b) Tá siad ~ beithíoch anois ort 20, tá siad (prátaí bruite) an-fhuar. . . (c) Dhá scaoileadh agam ~ beithíoch 20, dhá [bréaga] . . . plinc pleainc. Cho ~ leis a' mbás. . . le leac oere. . . le srón mada 24. Chomh ~ le teas bainne na bó 20 (le deoch a bheifí a fhuarú).
fuaraídeach aid. *Fuar sceirdiúil 19. Ffr. fuaraíteach.*
fuairainn f. *Leasainn 19, 20.*
fuaraíocht b. *Aimsir fhuar. Tá ~ air mar is frust aithne air a ngé fhiáin é 24.*
fuaraíonn. *1. ~ as, éiríonn as de réir a chéile. Tá sé a' fuarú as [tinneas] go math anois, is gearr go mbeidh sé in a sheanléim arís 24. D'fhuara sé aistí réis an fhadsa bhí sé mór leiche 24. Hug sé fuarú mór go theach a' leana réis a' tóir bhí ag air 24, d'éirigh sé as a bheith ag dul ann.*
fuaraíteach aid. *1. Fuair anróiteach. Is fuarítoch é an teach nach bhfuil teine mhath dhá dhó ann sa ngeimhre 24 geimhre. Is ~ an áit 'do sheasa air aonach nó marga drochlá 24. Bhfaca tú dream a' bích is fuaraití cóir ná na tincéaraí, . . . nach ~ a' chuma tá ar na páistí bochta acu 24. 2. Mall, gan a bheith 'lasta'. Ba ~ a' ceannacht bhí air bheithí air an aonach inniu 24. 3. Fuarchúiseach,**

neamhshuimiúil. D'éist sé ~ go maith linn 24. Bhí sé cineál ~ tiom 19.
fuaramán f. *Tormán seabhránach. Bhí ~ ag a' simléar aréir, is frust aithne go bhfuil báisteach air 24. Cuire mé ~ in do chluais le badar 24.*
fuarat /'fuə,rat/ f. *Tá ~ inti 19, at beag gan dochar. Tá biogán ~ an do rúitín. Tá sé cineál tinn go bhárr an ~ tá ann 24.*
fuarcán f. *1. Fás beag bán, poll ann, costúil le bairneach beag ar charrageacha an chladaigh 20. 2. Práta atá lofa ina lár. Tá siad ina bhfuarcáin 20.*
fuarchaint a. br. *Tromaíocht. Bhí sé ag ~ air 19.*
fuarchraiceann f. *Forchraiceann, craiceann uachtair. Tá ~ ag éirí de mó lámha 20.*
fuarchraicneach aid. *Beithíoch ~ 20, beithíoch a mbeadh cuil ar a chraiceann agus cuma fhuar air.*
fuarchruit b. *Forchruit. Bhí ~ ag imeacht air 20.*
fuarchuimhne b. *Meathchuimhne. Tá fuarchuimhne agum fhéin air an am sin 24 muc.*
fuarfhocal f. *Focal béarlagrair 20.*
fuarlach f. *Báisteach throm. Chait sé ~ báistí 20.*
fuarlacht /'fuə,r'laxd/. *Bean phósta gan chlann 19.*
fuarláir /'fuə,r,lair/ b. *Láir nach raibh aon searrach aici 19.*
fuarlaoidéach aid. *Milleánach. Chuala sé ag caint go ~ orm thú 19.*
fuarleacrachai iol. *Leacrachai sa bhfarrage nach bhfásann aon fheamainn orthu nó ar an talamh nach bhfásann dada orthu 19.*
fuarmheirfean. *Lagar (ach gan titim i meirfean ar fad leis) 19.*
fuarnimhe /'fuə,r'n'iv'ə/ b. *Marbhleathar. Bhí ~ i mbarr mo mhéar 20.*
fuasaoideach aid. *Casaoideach. Bhí sé ~ go maith air 20.*
fuasaoideann. *Casaoideann. Níor fhuasaoid sé é 20. Is fada gur fhuasaoid tú é 20.*
fuath f. *Gráin. Thug sé ~ dhi 32, d'imigh sé [fear] uaithi [a bhean].*
fuascán f. *Uascán 31.*
fucsaí iol. *Floscaí. . . b'fhéidir go mbaineach sin cuid go na fucsai móra atá faoi dhó 24 íoc.*
fud. *Ar ~ na bhfudannaí, i lár na háite. Is gearr go raibh sí istigh ar ~ na bhfudannaí 20. Níor airigh mé ariamh go dtáinig sé isteach ar ~ na bhfudannaí. Ffr. fuaid.*
fudar. ~ *fadar, duine seafóideach. ~ fadar de dhuine 20.*
fudaráille aid. *bhr. Méiseáille 20.*
fudarnail iol. *Ar fud na bh~ 20, ar fud na bhfudannaí (g.v.).*
fuga. ~ *leat! 20, (a) imigh leat! (b) ní chreidim thú! fuigh ~ leat! 19, 20, 31, (a) imigh leat! (b) ní chreidim thú! ~ libh! 20. 'Fu leat anois, a phleidhce!' a deir Seán Mháire 27.656. 'Fu leat anois!' a deir a fear a hainic isteach. 'Is rímhaith atá fhios gurb é Dia hAoine é' 24 béilí.'*
fuil b. *1. Cionál na fula móire 20, an uaisleacht. Is beag an fhuil na spáin na stocairí a ghoil ann gan aon chuire 24 stocaire, is beag an uaisleacht . . . 2. Ní fheicfeá aon duine ann ach an oiread le ~ rí i*

bhfarrage 19. Dhéanfainn an oiread iontais de le ~ ri i bhfarrage 19. 3. Lá na fola, lá na coimhlinte móire. Hainic lá na fola, criú as Bleá Cliath . . . a bhí tarrainge na n-aghaidh 27.216. . . tá lá na fola a' brú leofa . . . 24 lá, . . . sé lá na fola a innséas a' dream is féadr 24 lá. 4. Fear na fola 19, cuisleoir. 5. Dá silfeadh mo shúil ~, da gcuirfeadh mo shúil fuil le teann stró, le teann dúile, dá ndéanfainn mo sheacht ndícheall. Dá seileach mo shúil ~, ní bhéarach sé aon áird orm 24 íocafocht. Dá seileach do shúil ~ le dúil i mblogam fuigsí air shocairde 'nois, ní uaitheá é 24 riarann. . . nach gcorróch na capaill gon té a bhí dhá dtiomáilt dá sileach a shúile ~24 tobar.

fuililiú *f.* Fuadar is gleo le chéile. *Tá ~ fúthab inniu ag spréamh 20. Bhí an teach ina ~ ar feadh na hoíche 20. Nach ann bheas an ~ 20. D'imigh an capall sna ~ 20, . . . i mbarr na bhfáscaí.*

fuilithe *aid. bhr. Tá sé ~ 20, tá rian na fola air.*

fuilúil *aid. (Duine) a bhfuil fuil uasal ann 20.*

fuilleach. 1. *Is tú féin a rinne an chuairt gan ~ 20, . . . cuairt fhada. 2. (Mar dhobh.) Tá sé ~ luath fós 20, . . . sách luath. Bhí sé ~ fada 20.*

fuiminnéad *f.* Fuaimint 20.

fuiminnéadach *aid.* Fuaimintiúil 20.

fuineach. *Fuíoll ná ~, dada. Ní raibh fuíoll ná ~ le n-ithe acu ann 24A. Níor fhan faol ná foineach gaon garla air a' mbaile ó shoin 24 caitheann.*

fuineadóir *f.* Fuinteoir 20.

fuínín *f.* Foithnín. *Níl ~ sa ngarraí nach bhfuil ite 20. Níor fhágadar ~ dhó le chéile 20, bhriseadar ina bpíosai beaga é.*

fuinneog *b.* An fhuinneog bheag 20, póirse beag sa mballa le taobh an teallaigh. *Fuinneogín 32, id.*

fuinniméad *f.* Fuaimint 20.

fuinniméadach *aid.* Fuaimintiúil 20.

fuinseoig *b. ~ shléibhe 20, caorthann.*

fuinteachán *a. br.* Fuinteoireacht 20.

fuinteoir : **fuinneadóir.**

fuíoll *f. ~ baiste 19, toradh dearmaid in urnaithe an bhaiste, a thugann cumas don pháiste drochshúil a dhéanamh ar dhuine.*

fuip *a. agus f. 1. Siúl beo éasca. Bhí ~ inti ag imeacht 20. 2. ~ siúil. Bean mhór scafánta a raibh ~ siúil faoi the chuil am 27.1197. Is maith a' ~ siúil atá fós acu. B'fhurasta aith[n]e air a bh~ siúil a bhí faoi go raibh rud eicint suas 24. 3. Urlámhas. Is aici atá ~ an tí 20. Is aici atá an fhuip 20.*

fuipeálann. . . . d'fhuipeálach sé dreancaid go Bleá Cliath ar phín 24 bainneann (le sprionlóir). D'uipealadh sé dreancaid go Bleá Cliath air sciling le neart cruas 24 brioscann.

fuips. Agall dúshlán nó magaidh. . . . *chuireadh lead agus lead ~ agus ~ astu 27.63.*

fuipseáil *a. br.* Ag rá 'fuips', béiceach. . . . *ag éisteach leis a bh~ a bhí a goil suas do Mhorris agus go Leamy 27.895. Diabhal a leithid go bhéicúich is go wipseáil a bhí orthu 27.727.*

fuipstar *f. 1. Bean dhrochmhúinte. ~ mná 20. 2. Cailín óg aerach 20.*

fuireacht *b.* Foighne, staidéar. *Níl sórt ~ ar bith air 20. Shuífeá go mbeadh ~ ort 20.*

fuiríocht *a. br.* Fuireach 20.

fuirleó. Ag scaoiteadh a chuid caorach air ~ 24 daorann. . . . amach ar a n-ábhair féin.

fuirseadh *a. br.* Ag Béarla a lasfadh ar an tine 20, ag labhairt Bhéarla chrua go líofa.

fuís¹. *Ní bhfuair mé ~ ná fais ar a chuid cainte 20, ní bhfuair mé meabhair ar bith . . . Ní gheobhfá ~ ná fais air 20, ní bhfaighfeá ciall ar bith ann.*

fuís². Puis, deifir. . . . *an iomarca ~ ort 19.*

fuisce *f.* Uisce beatha, poitín. ~ poitín, fuisce a dhéantar gan fhios don dlí. *Eórna l'aghaidh ~ poitín a bhí wofa 27.787.*

fuiseog *b.* Fuiseogín rua na móna, 'bog-lark'. *Tá fuiseogín rua na mína chuile ourlach cho ceólmhar leis a' gceann tá air a' tala créafóige 24. Sí fuiseogín rua na móna is mó a raibh muid ina cleachtadh 27.1420. 2. Is linn héin é a dhíona, mar deir an fhuiseóg 24 (focal leathscéalach faoi chaint ort féin (?)). 3. 'Chods a bheidheas ~ air a' móin' a deir Máirtín, 'ní thaobhódh sí mo theach aríst' 27.698, . . . go brách . . . Fads a bheidheas ~ ná ruileóg air a' móin . . . ní fheice tú a' titim iad 24 téann.*

fuits. *Is cuma liom ~, faoi, nó as a chionn 19, is cuma liom sa tubaiste. (< 'which').*

fulaing : **foilint, folann.**

fulaingníonn : **foilníonn.**

fulangaí : **folannaí.**

fulcam. ~ *falcam, fústar. Tá an iomarca ~ falcam air 19.*

fulcann. Téann faoi uisce. *Tá Carraig an Éisc ag fulcadh 20.*

fulf *f.* Fionnadh eireabaill capaill 20.

fullbut /'ful 'but/. Fuadar oibre, deifir. *Bhí ~ air ag obair 20. D'imigh sé le ~ 20. ~ na mBáin 20, obair dheifreach mar a bhíodh ar siúl ag na Báin (comhluadar áirithe).*

fúm *f.* Teileafón 20, 32.

fup. Smid chainte. *Níor fhan ~ ná fap ann 20.*

furán *f.* Tharraing sé na cluasa ó na furáin 20. . . . na dúideanna.

fusá *f.* Gáir áthais. *B'aisteach a ~ bhí ann nuair a ghrú buachaillín a bhaile rása na mbád. Bhí chuile dhuine air a' mbuach a' díona an ~ dhaofa 24.*

fura *f.* Bhí ~ cainte air 19, bhí roiseadh cainte aige.

furú *f.* Siorradh gaoithe. *Tá ~ gaoithe isteach faoin doras sin 32.*

fusai *f.* Fusá (*q.v.*). *D'aireá i mBarr a Chaladh gon stróbh an ~ a théach suas do lady Blake air a chéad dul amach 27.438. Chuireadh siad trí fusai suas air mhullach na páirce 27.404. . . . fua fusai ar leith suas . . . siad a chuir a' fusai sin astu 27.115.*

futhair. *Níl féar ná ~ ann 33, áil dada ag fás ann. Ffr. fothar.*

G

ga f. 1. ~ *deilg* 20, pian i ndiaidh dealg a bhaint as an gceisceann. ~ *nimhe* 19, ga beiche nó a leithéid. **2.** ~ *dúáin*, luifearnach, ar a mblonn síol beag dubh, a bhíonn sa choirce. *Tá go leor ~ dúáin ihríd* 20. *Tá sé lán den gha dúáin* 20. **3.** ~ *gadhra*, cáicín beag tanaí. ~ *gadhra beag de cháca* 19. **4.** ~ *driobaill* 20 (?). **5.** ~ *ghuig*. *Chuir tú do gha ghuig amach* 19, thuirisigh tú thú féin go mór. *Bhí do gha ghuig curtha amach agat leis* 19.

gabháil : **góil.**

gabhair : **dámhair.**

gabhairín f. Bonnán léana. *Réis chomh minic is a d'airridh mé an bunán léana ('an ~' mar a tugtaí air) n'or leag mé mo shúil riamh air* 27.1413.

gabhal f. 1. *Gaol gabhail* 20, gaol cleamhnais. **2.** *Ag líonadh gabhail*, ag líonadh oscailtí idir spreaba a d'fhágfadh an té a bheadh ag iompú isteach fóidín baic. *Fear ag iompú fóid agus fear a líonadh gabhail* 20. **3.** *Go gabhail éadain*, go hard, go for-leitheadach. *Nach math a' rud iad a mholadh agus gan a bhe a' cuir a gcóil go gabhail éadain* 24 cuireann. . . . *rachadh a' cháil go gabhail éadain* 27.1323. *Fua [a] cháil go góil éadain go bharr an fhéile mhór a bhí a' baint leis* 24 féile. . . . *a fuair siad a' moladh a chuir a gcóil go gabhail éadain* 27.378. **4.** ~ *cair*, an spás idir na leathlath. . . . *chuir sé isteach i ngóil cáir é (cár nach ra aon chapal faoi a ra na dá leathchlaí leacai air a' tala)* 24 greim.

gabhálaí : **goileóir, goiléar.**

gabhalscartha aid. 1. *Scartha as an ngabhal. Tá sé [duine] chomh ~ sin* 19. **2.** Duine gabhalscartha. *Tá ~ ag tíocht aríst* 20.

gabhan /gohən/ /go:n/. 1. Cuirtear. *Gabhfaidh cúirt air* 20, cuirfeair . . . *Gabhfaidh 'rate' air* 19, cuirfeair . . . *Gabhfaidh bran orthab* 20. *Dhiún uirthi gabhfás sé [cóta] choichín* 20, ní chaithfidh sí choíche é. **2.** Faigheann mar phraghas. *Cé mhéad a ghabhfás sí [caora]?* 20. **3.** ~ *le*, éiríonn le imeacht saor. *Má bhuaileann tú mise ní gabhfaidh leat* 20. **4.** ~ *ó*, imíonn ó. *Tá sé goite ó mheabhair* 19, ní féidir é a thuiscint. *Bhí sí goite ó shiúl* 19, ní raibh sí in ann siúl feasta. *Ffr. góileann.*

gabhar f. 1. *Tá siad [beithigh óga] chomh crua ina gcolain le gabhair chreige* 27.914. **2.** *Chuirfeadh sé Béarla i dtóin gabhair* 20, tá neart Béarla aige. **3.** . . . *ach go mear is bheach gour a' cac air bhórán bigí a' catha isteach a' mhóin* 24 caitheann. **4.** *Ag goid an ghabhair as Ifreann* 20, - ainm cluiche. **5.** *Doir lán an ghabhair* 20. *Doir brí an ghabhair* 20, - maolú magúil an 'doir . . . an leabhair'.

gabhlai f. Freastalair ar an ngabha. . . . *ag cúnamh dhó ina gabhlai* 19.

gabhlán f. Giosadán cruaita a n-úsáidí na géigíní de le héadach a chrochadh orthu á thriomú 20.

gabhlóg b. Iomairí a dhéanfadh gabhlóg nó crosóg 20.

gabhlógach. *Stóilín ~ 32, stóilín a mbeadh cruth*

gabhlóige ar na cosa faoi.

gach. 1. ~ *is /gaxs/ 20, /gas/ 24. Bhain sé dhó ~ 's a raibh d'airgead aige* 20. ~ *'s a bhfuil ann* 20. *Nach bhfuair mé gas air iarr mé air a' mbó* 24 gach.

2. ~ *aon /xe:n/ . Bhí a scéal fhéin ag 'chaon nduine* 20. **3.** ~ *uile /xil'ə/ /ə'xil'ə/ . Fágann tú drioball ar 'chuile shórt n'onnas tú* 20. *Ag caint air a chuile áit* 19. *Chuile's tuige!* 20 - aishfhreagra ar an gceist 'tuige?' *Sa chuile bhealach* 19. **4.** *Gacha le /gaxə l'ə/, gach re. (a) Bhí gacha le duine á iarraidh orm* 20, bhí go leor daoine . . . *Iad gacha le buille do mhaide uirthi* 20. **(b)** *Cuirfidh mise geall leat go n-ólfaidh mé gacha le cupán tae leat* 20, . . . cupán ar an gcupán leat.

gad. 1. ~ *maoil* 20, gad maoile. **2.** *Bhí sé cho ré dhuit a' cuir gaine a n~ le g'iarra oru a bhe so-chomhairleach* 24 cuireann. **3.** *Gaidín Bealtaine* 20, gaidín a chuirtear timpeall ar an gcuinneog lá Bealtaine (pisreog). **4.** *Cuirfidh sé ~ do chrochta romhat* 19, beidh sé ag iarraidh dochar a dhéanamh duit.

gadaí f. ~ *lampa* 19, 'daddy-long-legs'. ~ *na gcoinnle* 19, *id.*

gadhar f. 1. *Nach ~ é fhéin ar nós chuile dhuine* 20, nach gnáthdhuine nádúrtha . . . **2.** Báirseach mná. *Bu dhí an ~ í 24 casann.* **3.** *Cárta maith* 20. *Tá seans go bhfuil ~ láidir aige* 20. *Tá ~ eicint aige* 20. **4.** *Le aois na ngadhar* 19, le fada. **5.** *Níl an oiread Béarla aige is a chuirfeadh an ~ amach as an teach* 19.

gagairlín f. Duine nó ainmí a bheadh beag ramhar gearrchosach 19.

gaibhneacht b. Gaibhneacht 19.

gaidhrín f. 1. ~ *trábh* 19, péist bheag léimneach a bhíonn sa trá. **2.** Duine cantalach. *Nach é an ~ é!* 20.

gaidí f. Bádóir nó iascaire as Gaillimh 20. *Is breá an lá ag an n~ ag goil soir é* 20.

gáifeach aid. A bhreathnaíonn níos mó ná tá sé. *Bran mór, bíonn sé ~ 20, toirt mhór don mheáchan ann. Ní fhaca mé oiread sin acu sa mbosca, bhí siad ~ 20. Tá an carnán sin [clocha] ~ 20, cheapfá go raibh níos mó ann ná mar atá. Tá siad ~ mar gheall ar na baslógaí a bheith orthu [prátaí]* 20.

gaigín f. Duine gan acmhainn ar ghreann, sochorraithe chun feirge. *Níl ann ach ~ 20.*

gaigineach f. Gaigín (*q.v.*) ~ *ótnsí* 20.

gailgeadh a. br. Doirteadh (báistí). *Ag ~ báistí* 20. *gailleog : dailleog.*

gaimbí f. Ús. *Chaithfeadh sé ansin an ~ a tóic* 19. *Choinneadh ~ a chuid airgid suas é* 20. *Ní chainníonn siad ar ghaimbí ach i gcleitheamhnas beainc* 20. (*Gaimbin freisin* 20).

gaimh b. Goimh 19, 20. *Tá gaimhín seaca anocht ann* 20.

gaimhiúil aid. Goimhiúil 19, 20.

gainéad /gin'e:d/ f. *Tá afarac gainéid a'd* 19, tá

amharc an-ghéar agat. *Níor mhór dhuit afarc an ghainéid* 19.

gaineamh *f.* 1. (a) *Tá na fataí sa n~ beo* 20, . . . san athfhód. (b) *Chuaigh sé go ~ gorm ann* 20, . . . an-domhain sa talamh (le bonn tí a chur). (c) *Tá sé ag sioc go ~ rua* 20, . . . an-domhain. *Níl aon mhaith ag goil go ~ rua, caithfidh tú ghoil go leic* 20. 2. *Lig sí go ~ é* 20, loic sí (caillín) air. 3. *Is fad an lá a chúl ar a' ngainne* 24 ritheann, is fada an lá cailte é.

gair : **foir**.

gairbhéalta *aid.* Roinnt garbh. *Lá ~ 20.*

gairfean *f.* Gaillfean. *Nuair a tháinig an ~ 20.*

gairdeacht. *Dá ~ /ya: yaird'ext/, dá ghairide. Dhá ghairdeacht a bheithé á dhionamh* 20.

gairdeanáta. *Fuair sé ar an n~ anois é* 20, fuair sé a bhá ón mbáisteach. *Tá sé faighte faoin n~ anois aige* 20, *id.*

gairéad *f.* Leithead, bród. *Ní raibh aon ghairéad ann* 20.

gairéadach *aid.* Leitheadach, bródúil 20.

gairge *b.* Gaillfean. *Tá sé ina ghairge* 20. *Tá sé ina ghairge báistí* 20. ~ *stoirme* 20. (*Gailge freisin* 20).

gairid /gar'id'/ 19, 20, /ger'id'/ 20. (*Mar ain.*) *Bhí sé anseo tá gairid ó shin* 20. *Le gairid gairid blianta anuas* 19. *Go dtí le gairid blianta* 24 *bruiteann.*

gairí *a. br.* Gáire. *Tá na fataí ag ~ 20*, tá craicne na bprátaí (bruite) ar oscailt.

gairm : **goiriúint**.

gair mheasa. . . *go mba ghair mheasa bheas tú* . . . 20, 19 (eascaíne).

gaisce. 1. *Níl mórán ~ iontab* 20, níl siad [prátaí] go han-mhaith. *Níl mórán ~ ionam* 20, níl mé ag aireachtáil go maith. *Deabhaí mórán ~ ann* 20, níl sé [othar] go maith. 2. *Anois cá'il do ghaisce!* 20 – focal a déarfai le duine a gclisfeadh an rud a dúirt sé a dhéanfadh sé air.

gaisceachán *f.* Duine maíteach 20. *Gaisceacháinín* 20.

gaisctoch. (a) *Is ait an ~ thú!* 20, – le gasúr beag a n-éireadh leis rud éigin a dhéanamh. (b) *Cé hé an ~?* 20 – focal a déarfai le duine neamhaithnid a d'fheicfí ag dul an bóthar.

gaise. Caise reatha. *Nuair a d'éire Mac Rí Éirinn ar maidín agus lasg sé leis ins na gaisí loma luath go mbéaradh sé air a' ngaoth* . . . 24 Márta.

gaisín *f.* Caolán an imleacáin 20. *Ffr. daisín.*

gaislín *f.* Eala óg 24.

gal *b.* Leid. *An bhfuair tú ~ ar bith ó shin?* 20.

gála *f.* Ráig thinnis. . . *níl bliain ar bith nach woeh cupla gála nó trí dhó* [de thinneas droma] 24 *cnámh droma.*

galáí maiseans /gali: 'maʃəns/. Caint ghaisciúil gháirfeach, iompar gaisciúil, galamaisíocht. *Tá ~ agat!* 20, caint ghaisciúil gan cur leis. *Chuir sé ~ ar an scéal* 20, . . . áibhéil . . . *Ag ligean ~ air fhéin* 20, á iompar féin go gaisciúil.

galamalátaíos /galəmə'la:ti:s/. Galáí maiseans (q.v.). ~ *gaisce* 20. *Bhí an oiread ~ air* 20. *Ag ligean ~ air fhéin* 20.

galar : **galra**.

galánta /gula:ntə/ *aid.* 1. Gleoite. *Eascainnín an-ghalánta* 19. *Ba ~ é* [londubh] 19. 2. Maith múinte. *Is ~ an gasúr é* 19.

gallda *aid.* *Nach iad atá ~ 20*, nach acu atá an tuin strainsíeartha ar an gcaint.

galra *f.* /galrə/, /galɔrə/ 20, /garlə/ 20, 19, 24. *Galar*. 1. *An garla gearbach*, an galar scrathach. *Tá caora amháin a mbeadh a' garla gearbach innití in an na tréada caorach a mhilleadh* 24 *tóigeálach*. 2. *An garla dubh*, calar. *Nuair a bhíoch siad a' cainnt air bhlianta an droch-shaoil go mbíoch siad a' cuir síos air a' ngarla dubh* 24. 3. *Galra na gcearc* 20, an galar cleiteach. 4. *Garla na gcrúb*, 'foot-rot'. *Is deacair caoire a ghlana as garla na gcrúb nuair a bhuaileann sé iad* 24. 5. *Garla na hinchinne* 19, galar a thagann ar bhó. (Bíonn sí ag rith roimpi. Tolltar an cloigeann lena leigheas). 6. ~ *na méar* 20, galar éigin a thugann ar phíosai den chnámh a theacht tríd an gceisceann ar an méir. 7. *Garla na súil*, galar ar éin gé. *'Is mór m'aimhreas', a deir sé, 'go bhfuil garla na súl a' tíoct air m'áilín deas éunachaf gé'* 24. 8. *An garla rua*, galar ar na prátaí. (Éiríonn na duilleoga rua). *Tá an garla rua cho dona a thíoct air na fataí leis a mbualta* 24. *Dá mba rud é go dtagadh a' garla rua chuile bhliain bheadh orthu éirigh as a bheith a' cur fhataí ach ní thagadh* 27.1455.

galóg *b.* Deoch bheag. *Fuair mé ~ fuisce* 19.

gáma. 1. (a) Seanchaint ag gasúr. *Nach aige atá an ~ cainte go luipreachán dá shórt* 24. *Seanghámaí ar sról acu* 24 *cabaireacht*. (b) Caint ghaisciúil. *Á bhfeicea na gámaí a bhí aige a chuir (sic) síos air churaíocht* 24. 2. ~ *i, nósanna ar leith. Bhí na ~ céana aige a bhí aig a' seandrooilín* 27.1233. *Na seanbhealaí, na seanghámaí agus na sean eoloinéacha a tóigiu iontu iad* 27.169.

gamba : **geampa**.

gamhain *f.* 1. Lao bliana 24. 2. *Gamhainín toirbh* 19, tarbh óg.

gamhnach *aid.* 1. *Bó ghamhnach* 19, bó nach raibh lao aici le bliain. 2. *Fear gamhnach* 19, seanbhait-siléir.

gan /gən/ *réamh*. . . *a choinne mé gan a bhe ime choldh* 27.787, . . . *a choinnigh mé ó bheith. Ní bhfuair mé sórt deis ar bith air a jug a shábháil gan briseadh* 27.808. . . *a shábháil ó bhriseadh.*

gandal *f.* 1. An chailleach dhubh fhireann 19. 2. 'Kitty' in imirt cártaí. *Cé mhéad duine sa n~?* 20. 3. *Bonn ar an mbord imeartha ar le daoine cuid de (tharla gan briseadh oiriúnach le fáil). Bhfuil tú mórán sa n~?* 20.

gangaid *b.* Goimh (san aimsir). *Tá ~ san uair* 20.

gangaideach *aid.* Goimhiúil garbh. *Lá ~ 19. Aimsir ghangaideach* 19. *Gaoth ghangaideach* 19.

ganntan *f.* Ganntanas. *Ní raibh aige ach cuid an ghanntain* 20, . . . cuid an bheagáin. (*Ganntanas freisin* 20).

gaol. 1. ~ *mada Úna le mada Áine – a dhá dtóin a bhualadh in aghaidh a chéile* 20, . . . *an dá thóin a bhualadh le chéile* 19, gan aon ghaol – focal a déarfai le duine a bheadh ag maíomh gaoil. *Sén ~ a bhí*

ag mad(a) Úna le mad(a) Aine a bhí ag a bhformhór leiche 24. 2. Cosúlacht. 'Tá an oiread ~ le chéile acu' a deir sé 'agus atá ag coul le cuilleán' 24. Ní rabh ~ ar bith le chéile ag na dá chainnt 24. Níl ~ ar bith ag saol a' lae inniu . . . leis a' saol a bhí ann nuair a bhí muid ag éirí suas 24. Is beag a' ~ a bhí len a gheallúint aige 24.

gaolach aid. Gaolmhar. Buachaillí atá ~ linn 20.

gaolta aid. Gaolmhar. Buachaillí atá ~ linn 20.

gaotalach aid. Gaofar. Lá ~ 20.

gaoth. 1. Ghabhfhadh an ghaoth atá ann thrí chlár daraí 20, gaoth an-chrua í. Tá braon í mbéal na gaoithe 20, tá braon báistí ar an gaoth. ~ pholl tóna 19, gaoth i do dhiaidh go díreach (ar an bhfarraige). ~ bhoird 19, gaoth ar aon bhord den bhád. Chomh luath leis an n ~ Mháirta 19. Chomh tréan leis an n ~ Mháirta 20. Is cuma dhó cé as a séidfídh ~ anois 19, tá obair na bliana déanta aige. Is cuma dhó cén taobh a séidfídh an gaoth 20, tá sé ina shuí go te. Tá an gaoth mar a bheadh sí ag éirí de dhroim seaca 20, tá sí an-fhuar. Ní hé baladh na gaoithe atá air 20, tá boladh óil air. 2. ~ rua 20, gaoth a thugann galar ar bharranna na bprátaí. ~ rua a tháinig ar na barrannaí 19. Sí an gaoth rua a bhuaíl iad 20. 3. Ní maith a' cothara colainn ghaoithe a fheiceáil ag beithloch 24 colainn, colainn a bheadh ata ag gaoth. 4. ~ a thabhairt do, é a ídiú ar fad go sciobtha. . . . is geárr go woe an bailiú, a bhí dhá dhiona le fada ~ 24 rása. Thug sé ~ don airgead aréir 19. 5. (a) (Le scéal a scaipeadh) Níl focal a bith is mó a mbíonn ~ faoi ná é 24 cuire . . . i mó a bhíonn ag imeacht ó bhéal go béal ná é. (b) Gheobhadh sé ~ ansin lá'r na mháireach go raibh a gleamhnas réidh 27.89, scaipfí an scéal . . . 6. Sa n ~, le cloisteáil mar scéal, mar leid. D'fhéatá rá go ra siad gléastaí 'mach goil i [go] Gaille inniu fiobar ciad a bhí sa n ~ 24 gléasann. 7. Gaoithe mar aid. gan bhunús, seafóideach. Ní raibh ionntu uile ach scéalta gaoithe 27.287. Mar sin féin ní comhrá gaoithe air fad é 27.270. Ní móide go rabh ann ach córá gaoithe 24 fóidín mearbhail. 8. Ag scaoileadh caint le gaoithe 19, ag caint seafóide.

gaothóg b. Poll cíocra, caochpholl 20.

gar aid. Bhí sé ~ dá fheirg 20, bhí sé teasaf. Chua sé an-ghar dhó 20, ar éigean a tháinig sé slán. Fua sé cho ~ le cois deire cuil dhomsa a bhe caití an Dónach sin 24. Fua sé chomh ~ le cois a phota go chuid acu i a fhágáil ansin 27.715. Chua sé cho ~ le cois a' phota dhúinn a bhe deirneach 24. . . . an chaoi a ndeacha sé chomh ~ le na deich n-aithne dhó bhe coinnnte 24 coinníonn. Fua sé cho ~ le na deich n-aithne dhó bhe mara aig a' gcarr 24. Tá afarc i n ~ dó aige 32, tá sé gearr-radharcach.

garraí b. Garaíocht, gar 24A. Bhí cailín comharsan a' teacht aige agus a' déanamh céad gearraí 27.290. (Garraí atá sa chainnt aige).

garaíteach aid. Garach. Is deas a' rud a mbaile a bich na comharsanaí bhe ~ dá chéile 24. Dream an-gharaíteach a bhí iontu go bhocht is go nocht 24. Ní raibh fear a' bith bu fiarraí ná bu garraí ná

é 27.255. Bean lách gharaíteach a raibh an-chroí aici a bhí inntí 27.473.

garbh aid. Breá. Nach muid a bhí ríméadach as a' b'fosa ~ leathchorónach a bhí fáighte againn 27.908. Píosa garú crúnach go bháir mo lae 24 coróin.

garbhóg b. Luibh a mbíonn bláth buí uirthi, a fhásann tríd an arbhar, borraíste buí (?). Tá an gharbhóg air cheann go na luibheanaí is measa a fhásann trí thala 24. Garbhóga, blíbóiní agus raithneach dá spraeáil 27.1229. Gur bárr garbhógai, ceathrú caorach is blíbóiní a bhí a' fás iontu 24.

gárchaoineadh. Caoineadh ard. Chuaigh sé sa n ~ 20.

garmháthair b. Sin-seanmháthair 20.

garmáil b. Meascán de mhúirín agus aoileach sráide 31.

garmain b. Garma. ~ an éadaigh 20 (i seol an fhíodóra).

gáróideach aid. 1. (Leis an aimsir) Is ~ an lá toirní é 20, . . . go leor toirní troime ann. Is ~ an tsíon í 20, le drochaimsir thoirní. An t-am is gáróidí a bhí sé a' báisteach inniu 20, an t-am is tréine . . . 2. (Le pian). . . gan í bheith chomh ~ agus bhí sí 20, gan í bheith chomh tréan . . . 3. Duine ~ 20, duine santach chun oibre.

garraí f. 1. (a) ~ béal dorais 20, garraí in aice an tí, (b) ~ dorais 32, garraí ar aghaidh an tí. (c) ~ an bhóthair, garraí ar aghaidh tí ar thaobh an bhóthair. Tá teach nú déanta aig fear as Gaille air gharraí an bhóthair dui 27.523. (d) ~ tí, garraí le hais an tí nó thart ar an teach. Máire Úna a bhí sa teach sin agus a' ~ tí a bhí aici atá sé ann i gcónaí 27.357. Tú ~ tí a bhí ag Stiofán a Chrabháin a' déanamh tórainn le mo gharraí tí féin 24 Cloch Stiofáin. 2. Garrantaí beaga 20, cearnóga, nó muileataí i bpatrún éadaigh. 3. ~ ó chón 20, reilig. **garraíontóir** f. Garraíodóir. D'imigh sí le ~ a bhí ag a hathair 19.

gártha aid. 1. An-ard (le torann), tréan. Toirneach an-ghártha 20. Stoirm ghártha 20. An t-achar a bhí sí [toirneach] ann, bhí sí ~ go leor 20. Caoineadh ~ 20. Duine ~ 20, . . . ardhglórach. 2. An-dian. Pian ghártha 20. 3. An-te. Tá sí [tine] chomh ~ 20. Bhí an ghrian an-ghártha 20. 4. An-tapa. Bhí sí [capall] ag tíocht go ~ 20, . . . sna cosa in airde.

gárthail b. Gárthach. 'Garaí' a deirtear nuair a bhíos ríméad air dhaoiné faoi ghaisce nó gnúthan . . . Tugtar 'gáraí' freisin air gheo mór nach mbíonn aon ríméad a' baint leis 24. An páiste sin a gárthail ansin ó mhaidin 20.

gárthine b. Tine mhór 20.

gas f. 1. Leas, gaisneas. . . . ithiú na dhia sin é agus bainiu ~ as [fear] 24 sábháil. Cathsha tú ~ a bhaint as anois 27.315, caithfidh tú é a úsáid agus teacht leis. Bainfi tú ~ as 27.315. 2. Caith an ~ 24, tóg seans air.

gas f. Cloigeann cabáiste. Nuair a bhíodh sí sin na gasracha móra geala amach i ndeireadh an Fhómhair 27.718. Ffr. das.

gás : **geas**.

gasta *aid*. Aisfhreagrach. *Nach tú tá ~!* 19.

gastaire *f*. Duine abartha aisfhreagrach 20.

gastaireacht *b*. Conráil, 'deabhlaíocht' 32.

gasúntacht *b*. Coimhlint (?). (Sa *sfh.*) *Ní maith an rud Fómhar gan arúr. Ní maith an rud a bheith ag ~ le tréan* 20.

gasúr *f*. 1. Gearrbhodach, gearrchaile, duine óg. 2.

Bhain sé gasúr 20, bhain sé fóid mhóra mhóna.

gé *b*. agus *f*. 1. *Sé do chuide den ghé do mhéir a chuimilt dhi* 19, ní bhfaighfidh tú ach cuid an bheagáin (de rud ar bith). 2. An ceann bainean i

gasán na caillí duibhe 19, agus na heala 20. 3. *Ní féidir é dhéanamh nó go sroiche gob an ghé an t-aer*

19, . . . go brách. 4. *Seans gur codladh gé atá air*

20, . . . codladh bréige. 5. *Is minic a dúrú le mac*

díchéilí ins na bruachanaí 'imeacht na ngéabha fadhán ort!' 24 *gé fhiain. Imeacht ghé an oileáin*

ort! 19, imeacht gan teacht ort! 6. (É) *sna géamha fáine*,

as a chéill le díocas, le sceitimíni. *Am a bith a mbeadh dhá sheampín a goil a troid, bheadh sé*

ime sna géamha fáine an uair sin 24 *srón*. 7. *Ní thóigfeadh sé an ghé* 20, - le talamh lom bocht.

geabsaire *f*. Geabaire 20. (*Geabstaire* freisin 20).

geabsaireacht *b*. Geabaireacht 20, 19. (*Geabstaireacht* freisin 20).

geábh *f*. 1. Tamall (ní call gur tamall gearr é). *Bhí mé ~ maith ann* 20. *Nuair a bhí ~ eile [oibre] déanta aige* 20. 2. *Tiocfaidh sí as an g~ seo anois sílim* 20, . . . an babtha tinnis seo. 3. *Bhí mé ann ~ 20, . . . uair amháin*.

geabhrán *f*. Éan farraige a bhfuil sciatháin dhubha air, geabhróg (?) 20.

geabhróg *b*. Cailín nó bean a bheadh beag piocúil agus cainteach 20. *Geabhrógaí mná* 20.

geadaire *f*. Giota (d'arán, de chac). *Geadairí aráin*

20. *Tá geadairí 'na dhiaidh seo* 20, . . . (i ndiaidh páiste). ~ *de chac* 20.

geaig. Gíog. *Gig ná ~*, smid chainte. *Ní raibh gig ná ~ aige* 20. *Ní raibh gig ná ~ le cloistéidil* 20. *Ní aireá gig ná gag anseo aig a' ngleo atá acu anseo* 24 *glogóg. Níl gig ná gag astu* 24.

geaigeáil *a. br.* Cúirtéireacht 19.

geailleas *f*. Gitín caol talúna. ~ *beag talúna* 19.

geailí *f*. Bád beag iomartha 20.

geaimpéar *f*. 1. Foirgneamh mór gránna. *Ní uair nó dhó a dúrú gurbh é féin a' ~ nach raibh mórán slacht ann* 27.1463, (le teach mór). 2. Balla i riocht titim? *Tá dhá gheaimpéar go dhá bhala mór díonta air aon taobh dhó* 24 *codla. Níor thuít na geaimpéir ó shoin* 24 *codla*.

geaimiteáil /g'am'íta:l/ *a. br.* Ag imeacht thart go díomhaoin fánach. *Ag ~ thart* 20.

geaing *f*. Scata. *Bhí ~ mór acub ann* 20.

geaingéail *a. br.* Ag obair mar gheaingear 20.

geaisín *f*. Lampa beag gan aon ghloine. . . . *gurb é an ~ a bhíodh lasta acu* 24. *An lampa ~ brocach boineach ar mhór a' scéal an ola a chuir amú leis*. . . . *Bhí ola agus fáideog ann, sin a' méid* 24.

geáitse *f*. 1. Tamall. ~ *oibre* 20. ~ *cainte* 20. ~ *maith cuarta* 20. *Chodail mé ~ 20, Bhí mé ag*

ligean ~ tharm 20, . . . ag ligean tamaill scíthe. 2.

Aistear. Tiúrfaidh mé ~ siar go Maoras 19. *Tá ~ fada romham* 20. *Is iomaí ~ thugainn síos ann* 20.

3. Babhta reatha, searsa. . . . *feabar deis nó lide a fuair sé air chat na bhFághartaí bhain sé ~ as*

27.450. *Amach sa ngarraí réis éirí dhom an chéad gheáitse a thugainn* 24 *clabhán éanachai*.

geáitseáil *a. br.* Tabhairt seáirsi anseo is ansiúd 20.

Ag imeacht ag ~ thart ó áit go háit 20. *Bhí ~ mhór orm* 20, bhí aistir mhinic orm san obair. [Capaill] *ag ~ 20*, ag rith thart sa gharrái.

geáitseálaí *f*. Duine a bheadh ag geáitseáil ó áit go háit 20.

geal. 1. *Cho ~ le cailc, . . . leis an lá, . . . leis a' sneachta, . . . le do léine* 24, . . . *leis an mballa* 19, . . . *leis an gcalóg* 20, . . . *le giobóg lín* 20, . . . *le olann* 27.74. . . . *le ghuúinmean* 20. 2. (Le gruaig) *Bánliath. Tá sé cho ~ le do léine agus ní len aois é* 24. *G'fhear cho hóg leis tá sé ~ glan hana* 24. 3. *Fear ~*, aon duine. *Ní mhairfeadh aon fhear ~ ann* 20. *Ní bheidh aon fhear ~ beo* 20. 4. *Bíodh a fhios a'd nach bhfuil sé chomh ~ leis an lá dhuit* 19, . . . nach bhfuil sé mór leat, go bhfuil sé i d'aghaidh. 4. *Tá afarc ~ aige* 20, tá easpa datha sna súile aige mar a bhíonn ag an mbáiníneach. *Súile ~ a* 32, *id*. 6. *An creideamh ~ 20*, an creideamh Caitliceach. 7. *Go lá ~ na bliana ní fheicfeadh frog air na creigeacha sin* 27.1380, . . . *go brách*. 8. *A rí na cruinne gile!* 20 - agall iontais.

gealach *f*. An chuid gheal den tsúil. *Is measa liom é ná ~ mo shúl* 20.

gealach *b*. 1. ~ *bhreachadh an choirce* 19, gealach an Fhómhair. *'Fads a bheidheas ~ air an aer' a deir sé 'ní chuire mé aon inniún arís'* 24 oinniún. 2. Cnap cruá bán i lár práta chnagbhruite. *Go dtachta an fata seaca thú is an ghealach ina lár!* 19. 3. *Tá an ghealach ar aghaidh an tí agus í ag goil soir* 19, - focal a déarfai ach le scéal áiféiseach docheirdte. 4. *Síleann siad [cailíní] gur breácha iad ná an ghealach sa meán oí* 24. 5. Mire, báini. *Caint ar bheirt nó triúr fear . . . a rabh ~ a' góilt daof* 24 *uachtar. Seard déarfai ach 'go cúrsaí gealui a bhí a goil dó'* 24 *eascann*.

gealachan *a. br.* 1. Gealadh. *An oiread a bhe á dtuara is á n~ aicí* 24. 2. *Ní rabh [ró] fhada go mbeidh sé na ghealachan lae anois. Tá sé a' ~ shiar* 24.

gealann. 1. ~ *do*, éirí cairdiúil le. *Ó'n lá ar mhasla sé as cómhair a' phobail mé níor gheal mé ó shoin dó* 24. *Ní ghealadh mé go lá mo bháis dó go bharr an éagóir a chuir sé orm* 24. *Chun oiread le m'athair níor gheal sé aríomh gon té a thug na píolárs chuig a teach san an-mhaidín* 27.460. 2. *Dár gheal an ghrian, faoin ngrían, ar bith. . . . nuair nach raibh lí na lé dá[r] gheal(a) an ghrian aríomh taobh shiar dui* 27.347.

gealampaeracht /g'alóm'per:axt/ *b*. Aeráil, spraoi thart go díomhaoin. *Ag imeacht ag ~ 20*.

gealas : **geailleas**.

gealbhán /g'alú:n/ *f*. ~ *coille* 24, gealbhán crainn. ~ *gairdín* 24, gealbhán claí. ~ *sráide* 24, gealbhán

ti. ~ buí 19, buíóg.
gealcholl *f.* Coll geal. *Maide* ~ 20.
geall *f.* Tomhais. ' ~ ort, a dheada, ceard atá ag mama?' 24.
geallann. 1. ~ *Dia do*, tá i ndán do. *Fear a ngeallfaidh Dia páistí dhó* 20. *Is cumasach an cloigeann a gheall Dia dhuit* 20. *Gheall Dé dhúsa san áit a bhfuilim in mo chónaí go bhfuil an deis sin agum* 27.1351. *Réis pósadh níor gheall Dia aon chúram dó* 24 *pósann*. 2. (Leis an aimsir) *Geallta, ráite sa réamhaisnéis. Tá sneachta geallta* 20. *Tá an mhí seo geallta* 20 . . . a bheith go breá. *Is fada geallta dhuit an rud a thuar tú* 24, é ráite go raibh sé i ndán duit.
gealltamas *f.* Gealltanas. *Rinne tú maith do do ghealltamas* 20.
geallúnas *f.* Gealltanas 20.
geallúntas *f.* Gealltanas 20.
gaelstoirm *b.* Tá sé ina ghealstoirm 19, . . . ina stoirm mhór.
gealta. 1. *Dul i n~*. (a) *Dul as a mheabhair le feirg. Bhí sé ag goil i n~ faoi go ndéarfai é* 20. *Bhí sé ag goil i n~ le feirg* 20. (b) *Dul ó smacht. Bhí sí [capall] ag goil i n~ air* 20. *Bhí an t-asal i n~* 19. (c) *Dul ar mire le sceitimíní. Bhí sé goite i n~ faoi bháire* 19. 2. *I mbarr do ghealta, as do mheabhair le gliondar. Bhí sé mbárr a gheallta le riméad an uair seo* 24 *saor báid. Iad i mbárr a ngeallta a' seinm ceoil* 27.490. *Bhí muintir na Gaillimhe i mbárr a ngeallta . . . leis a riméad mór a bhí orthu* 24. *Sin é bhí a' cur a' dream óg i mbárr a ngeallta le riméad a' rá go mbeadh sé na bhruith is rósta go ceann míosa aríst* 24 *bruith*.
geamhchaoch *aid.* Geamhchaoch 20. (*Geamhchaoch* 24A).
geampa *f.* Canta. ~ *feola* 20. ~ *cáca* 20.
geamshodar *f.* Geamshodar 20.
geandar. ~ *tae* 19, ceannaf tae.
geantálanna. Cuireann ding le. *Geantáil go maith an doras* 20. *Tá an t-urlár geantáilte* 20.
gear. 1. (Le blas) *Cho ~ le dírní glasa* 24. 2. (Le faobhar). *Tá sí cho ~ is go mbeárrach sí luch 'na coladh* 24. *Chomh ~ le fiacla siostail* 32, . . . le *drad fíogach* 19, . . . le *hingneachaí cuit* 19. 3. (Le coimhlint) *Cárta ~* 20, *cárta beag ar nós do triuf ach é ina mhámh*. 4. (Le riachtanas) *An t-am is géire a dtastódh sé* 20.
gearail *b.* 1. *Giotamáil oibre. Is iomaí gearail air bhean a' tí héin chuile lá* 24. *Ní obair throm a bheadh dhá dhéanamh agut nuair is 'a' gearrail' a bheithed* 24. *Ag gearrail leat sa ngarraí* 24. *'Fágai sin shearaibh', a deir sé, 'bígi a gearail, tá mé dhá [do bhuir] gcur amí'* 27.656. *Mara mbeithéad ach a' gearrail sa ngarraí, bh'fearr dhuit é ná isti ar fad* 24. 2. (a) *Ag éagoineadh tinnis* 19, 20. (b) *Ag clamhsán. Ag ~ i gcónaí faoi rud eicint* 20. *Ag ~ chainte* 20.
gearaíocht *b.* Tromaíocht. *Ag ~ ort* 31.
gear-aithiseach *aid.* An-mhaslach 20.
gearán : **giarán**.
gearatas *f.* Géire. *Ag dul chun gearatais atá sé*

[geaingear] 20.

gearblach *aid.* Tugtha don chaint mhaslach. *Ní raibh aon chiall dó a bheith leath chomh ~ sin* 20. *Má tá braon óil air sé is gearabalai a' cainnt a chuala tú riamh* 24. *Tá sí an-ghearabalach - plaic baintí as chuile dhuine aici* 24. *Is ~ an bhean thú* 19.

gearbhasctha *aid.* An-dona. (Sa leag. diúlt.) *Ní raibh sé ~* 20.

gearchrúbach *aid.* 1. *Mada ~* 31. 2. Aisfhreagrach, gearfhreagrach 19.

gearchuimhne *b.* An chuimhne is faide siar. *Sé mo ghéarchuimhne . . .* 19. *Ba é mo ghéarchuimhne cinn é* 19.

gearchuntar *f.* Mo ghéarchuntar dhuit go dtug tú leat é 19, drochrath ort . . .

geard /g'a:rd/ *f.* 'Yard' 19, 20.

géardhiomú *f.* Mo ghéardhiomú dhuit! 19, drochrath ort!

géartheiceálach *aid.* Tugtha do ghnóthaí daoine eile a thabhairt faoi deara agus a lochtú. *Ní hionann ~ agus géarourcach* 24. *An duine ~, níl locht dá laghad air dhuine, air a bhealach nó air a ghnatha nach bhfuil tabhartha faoi deara aige* 24.

gearghoineach. Ocras do-chloíte. *Cén sórt ~ atá 'na gcuid putógat?* 20. *Déarfá go raibh ~ air* 20. (Cf. **gearrhionach**).

gearmhallacht *b.* Mo ghéarmhallacht dhuit! 10, mo mhallacht duit.

gearr *aid.* 1. (Le ham) . . . is gearr a bheidheas aon chaint air na greidil 24 greideal, is gearr a t-achar go mbeidh an greideal imithe as an saol is gan aon chaint air. *Is ~ a bheas aon teach ceann tuí ann* 20. *Is ~ air é* 20, is gearr a mhairfeas sé (airgead, bia, etc.) dó. *Beidh siad isteach go ~ gairid* 20. *Le blianta gearra anuas . . .* 20, le beagán blianta anuas. *Níl sé sin mórán blianta ó shin ach blianta ~ a* 20. 2. (Le haisfhreagra) *Thóig sé an-ghearr é* 20, thug sé aisfhreagra air. *Bhéarfadh sé greim ~ ort* 20, d'fhreagródh sé go gearblach thú. *Duine bheadh ag breith ~ ort* 20, *id.* 3. *Is ~ le, is geall le, is cosúil le. Is ~ le tiarach asail é* 20. *'Nach gearr le Brat geal na nGrásta é' a deireach seanfhear ar a mbaile fadó . . .* 24 aol. *Is gearr le tincéaraí iad* 24 féasóg. *Is gearr le duine dáil é seo* 24 dall. 4. *Chomh ~ is a chuaigh an ceol do Hantraí* 20, an-ghearr.

gearracháinín *f.* Feairín beagéadanach 20.

gearradh *f.* 1. Cumas ite. *Fear a bhfuil gearra math feóla ann is beag a' suim aige sa tairtfeoil le hais a' tsoel* 24 tairtfeoil. *Fir a bhfuil gearra maith feóla iontu bheadh siad a' placadh suas an tsailil árd sin mar bheadh duine eile ag ithe sú-salúin* 24 sailil. 2. ~ ocras, ocras mór. *Tá an t-an-ghearradh ocras ort* 20. 3. Éileamh. *Agus bhí an t-anghearradh air na beithí in uair sin* 24. 4. Treallús. *Duine nach mbeadh mórán ~ ná dul 'un cinn ann* 20. 5. ~ éadan a chur ar rudaí, a thabhairt do rudaí, iad ar fad a thriail, a cheannacht, etc. *'Cuir gearra éadain air a' mbaile air fad, mar buil cortheach . . .'* 27.110, tabhair cuairt ar . . . *Thug siad ~ éadain*

dhá raibh ann 20, cheannaigh siad a raibh ann [de bheithigh]. 'A' *spáine tú dhom iad* [na tithe]? a deir sé. 'Níl aon spáint a' teastáil uait ach gearra éadain a chuir oru' 24 féile, iad ar fad a shiúl. 6. *Gearraíocháí*, báirí éisc: éin os cionn báire éisc. *Bhí gearraíocháí éisc amach inniu* 20. *Gearraíocháí éanlaithe* 20. 7. ~ *méifn* 20, cloigeann cruacháin. ~ *gabhlóg* 20, gailseach. ~ *duileach* 20, grabaid.

gearradh gionach : gearrghionach, géarghionach.

gear-radharcach *aid.* Grinn-radharcach. *Duine gearrourcach 24 radharc.* Míle moladh le Rí na nDúil, i dteanta é [londubh] *bhe* ~ *is go bhfeiceadh sé péist san áit nach bhfeicinnse í* . . . 24 péist.

gearrán /g'ura:n/ *f.* ~ *asail* 19, asal coillte.

gearrann. 1. *Itheann.* Ag gearradh *stocáí* 19 (a bhíonn na criogair). [Éadach] *a bhí gearrtha ag luch* 19. 2. *Briseann.* [Móin a bhí] *gearrtha ag an sioc* 20. 3. *Siúlann.* Ag gearradh *bóthair* 20. Ag gearradh *sléibhe* 20. 4. *Ligeann.* *Ghearr sí bróim faoin Márta* 20. 5. Ag gearradh, ag clamhsán, ag sciolladh. *Bhí mé a' gearradh is a' cangaillt go ndeachadh mé abhaile* 27.848. Ag *ithe is ag gearradh* 20, *id.* 6. ~ *ar*, lochtaíonn, milleánann. Ag gearradh *orm* 19. 7. ~ *síos*, lochtaíonn. . . . *a leithide go ghearra síos a thabhairt air fhir oebre chomh maith is atá sa tír* 27.158. *Gheou tú go leór anois a' lochtú agus a' gearra síos an nós sin* 24 tanaí. Ag gearradh *síos air a bhí sé ar fad* 20. Do do ghearradh *síos* 20. Á choinneál gearrtha *síos i gcónaí* 19. 8. ~ *anuas*, lochtaíonn. *Ghearr sé anuas iad* 10. 9. ~ *faoi*, cuireann achrann air. *Bhí sé ag gearradh fút* 19. 10. ~ *meantán.* Tá sé ina ghearradh *meantán* 32, . . . ina stoirm. Tá sé ina ghearradh *meantán acub seo thíos* 32, . . . ina achrann. **gearrchuntanáisach** *aid.* Gearrfhreagrach, gearblach 19.

gearrghionach *b.* Tá an ghearrghionach i do *phutógáí* 20, bíonn ocras i gcónaí ort.

gearrleicneach *aid.* *Abrúíonn siad gur biad na muca is gearrleicn an mionúch is féar* 24. D'fheicedá roinnt daoine gearrleicneach go math 24.

gearrú *dobh.* Is ~ *gur scéal eile bhí aige* 20.

géarrú *f.* *Bhlodar ag cuir* ~ *orm* 20, bhíodar [daoine ag ithe] ag cur ocras orm.

geas *f.* 1. *Páirifín* 31. 2. *Lampa ola le glób.* ~ *a tugtai air lampa an ghloinne* 24 *geaisín.* Tá an ~ *a' goil síos* 24.

geastal *b.* Tá *díol a [ár] ngeastail a'inn* 19, tá riar ár gcáis againn. *Ffr. greastal.*

geastalach : giostalach.

geata *f.* Siúl storrúil gaisciúil. Tá an-gheata ort 19. **geatúil** *aid.* Bunúil, onórach. *Nach í atá* ~ 19. Tá sí an-gheatúil 19.

géatar *f.* Duine i gcrúachás, i sáinn. Tá muid 'na n-anois 19. Tá mé i mo ghéatar glan anois 19.

géb(h)iltíos /g'e:b'ilti:s/, /g'e:v'ilti:s/ *iol.* Ceáfair, geáitsí. . . . go leor gébiltíos acub 20. Bhí gébiltíos go leor aige 32.

géijéara /g'e:dze:rə/ *f.* Oifigeach na bpinsean 20. **géilleann.** (a) *Caithfidh an feac láí géilleadh* 20, caithfidh . . . lúbadh beagán. (b) *Ní bheidh sí*

[capall] ag géilliúint don bhéalbhach 20, . . . ag freagairt na béalbhái.

géilliúnach *aid.* Géilliúil 20.

géim' *f.* 1. *Spraoui.* Tá ~ *air sin* 20, tá spraoi le fáil air. Tá *chuile ghéim iontad* 20, tá tú sásta a bheith páirteach i ngach sórt spraoi. *Is mór an ~ thú* 19. 2. *Cleas, obair.* Is *olc an ~ é sin* 20. *Má leanann sé don ghéim sin, cuirfidh sé ag caitheamh na miotáin é* 20.

géim' *b.* Grág. Tá *siad fad* ~ *asail uair* 19.

géimstar *f.* Duine spraiúil aerach 20.

géinneach *f.* Duine an-mhór, ainmhí an-mhór, béinneach. *Bhí géineach go chapall breá rua aige, cruascioptha ar a' mbóthar* 27.938. *Géineach g'fhear mór a bhí ann* 27.779. ~ *mór láidir é* 20.

géinneachán *f.* Géinneach (q.v.) 20.

geiteal *f.* Scanradh tobann. (a) . . . *bhuail sé'n a gheiteal é go raibh sé a goil síos agus á bhádh* 27.18. *Sén ~ fhanann ort réis a geite go do bhualadh* 24. *Sin é an ~ a bhuail mo shean-athair nuair a shíl sé go rabh sé goil á bhádh* 24. (b) (a. br.) *Scanrú. Chaith an fear an oí a' ~ go bhárr a' faitíos fua air* 24 *geití.*

geitealach *aid.* Geiteach, so-scanraithe. *Fear ~ go maith é* 24. Tá sé ráití ariabh go bé an giorrfhia an beithíodh is geitealai amui 24. . . . go ra daoine ~ freisin ann agus dá mbeach meall á shórt orú, nach liceach siad méirín fhliuch a leagann air 24 ball dóráin. D'fhág sin roinnt go na mra sin faiteach agus ~ 24 fómhar. *Brust aithne gur croi lag a bhí aici agus cho geitiloch is bhí sí chuile lá in a saol* 24 *lag.*

geiteann *br. aisi.* Tá mé geití 20, . . . scanraithe.

geoc *f.* Scornach. *Rug sé ar gheoc air* 20. *I ngreim geioc* 20.

geocán *f.* Scornach. *Greim geocáin* 32.

geocálann. 1. Beireann greim scornáí air, tachtann. *Gheocáil mé é* 20. *Bhí siad ag geocáil a chéile* 20. 2. *Geocáilte* 20, tachtla le slaghdán.

geoiste *f.* Staic magaidh. *Nach mé an ~!* 20. *Ina sheasamh 'na gheoiste ag an doras* 20.

geolbhach *f.* Scoig. *Ní raibh sé [an t-úil] síos ach ina gheolbhach* 32.

georlúch *b.* Geolbhach 20. (*Geolbhach freisin* 20).

geosadán : giosadán.

geospalán *f.* Duine beag tanaí dona 20.

Ghiúdaí *f.* Giúdach. *Casadh Ghiúdaí dhó* 20. *iol. Na Ghiudaí, na Ghiúdaíos* 20.

ghiúgaí gheágaí. Cainteoir lag leamh neamhaí 20.

ghiúmarach *aid.* Suairc sonasach. *Sé a bhí breá ~ ina shuí 'ais tine bhreá, cois air a ghlúin agus gloine ina lámh* 27.1469. . . . *ní airín cho iúmarach ná cho laemhail* [laethúil] *thú le boutaí eile* 24 mála. *Nach thú tá iúmarach air maidin, góil do chuid óráin* 24 *iúmarach.* *Bhí sé cho iúmarach le rí beag* 24 *iúmarach.* *Nach iúmarach bhionns an fhuisseóg lá soura i mbárr na spéire a' goil shín* 24 *spéir.* (*Giúmarach freisin* 24).

ghiúmaráinn. *Deoun mórán duine nach n-iúmaráinn leis a' mbraon cruu. Iúmar na cupla ghluine sin go math thú* 24 *iúmaráinn.* Tá siad

iúmaráí suas go math anois 24 iúmaráíonn.
gí cón. Cé. *Thug mé liom iad ar aon chaoi ~ go rabh mo dhóthain a'm dhá bhfoireasa 20. ~ nar rinne sé mórán bantáiste 'bith dhó 20.*
giáll f. 1. *Tá giallachaí capaill aige 20, . . . gialla móra cnámhacha aige (fear).* 2. Ciumhais chóirithe. *Is breá an ~ bóthair atá siad a dhéanamh ann 20. Thóg sé ~ leis an leachta 20.* 3. *Ní raibh tada faoi ghiallachaí an tí le fáil aige 20, . . . in áit ar bith sa teach . . .*
giálltrachán f. Fear cnámhach láidir caite 20. *Is mór an ~ fir é 20.*
giarún f. Cúlfiacaíl. *D'fhás na giarúin faoi dhó aige 20, tá sé an-ghlic.*
gibide f. Písín beag. *Caith ~ beag aige 20, caith písín beag (de cháca) chuige [an mada]. ~ chumhaí 20. ~ bheadh amach as do chuid éadaigh 20, gitín stróiche . . .*
gibín f. Písín beag. *Las ~ de pháipéar 20. ~ de ghúna 20, gúna beag éadrom.*
gibín geaibín. Siorchabaireacht. *An tomarca ~ aige 19.*
gibire f. Cabaire seafóideach 20.
gibireacht b. Siorchaint sheafóideach. *Lig de do chuid ~! 20.*
gidimínteacht b. Gleo is caoineachán ag páistí 19.
gidlí. ~ bán 31, deoch de mhín choirce bruite ar bhainne.
gifeáilte aid. A bhfuil bua ar leith aige 20.
gig. 1. *Gíog. Níl ~ as na píopaí ná siasma ar bith againn 19. Ní raibh ~ astu fads a bhí an seanmóir air sról 24 gíogóg. Ní raibh ~ aige 20.* 2. *Puth. Ní raibh ~ as an aer 24 gíogóg.*
gigireacht b. Guairdeall thart ag gleo mar a bhíonn cearc tar éis ubh a bhreith. *Ag ~ a bhíos an chearc 20. Is ort atá an ghigireacht 20* – le duine a bheadh ag imeacht thart ag cur de.
gileacht b. Gile 20.
gilfhochadh. Tosú ag fiuchadh. *Bhí fataí an tsuipéir a' tosú a gilfhocha air a' tine 24 deiftronn. Mar mbeadh pota na bhfataí ach a' gilfhiuchad 24 feoil.*
gille. ~ guairle 20, an smúdar adhmaid a fhágtar ar lorg an tarathair. *Ffr. girle.*
gilleog b. Bolg an duine (go neamhchruinn). *Thug sé faoin ngilleog dhó é 20. Faoi bhun na gilleoige 20.*
gimide b. 1. *É ag corraí a ghimide thónach 19, é ag siúl is ag corraí a thóna.* 2. *~ ar an ngabhar buineann 19, reitheadh. ~ a bhí uaithi 19.*
gimp f. 1. *Cuma ghaiscití sa síd is sa seasamh. Chuir sé ~ air fhéin 20. Sin é an ~ 32.* 2. *Feistean aisteach (ar dhuine, e.g. caipín ar leathstuaic, caoi aisteach ar an ngruaig, éadach aisteach). Cén nós ~ an deabhail é sin ort! 20.* 3. *Cóiriú. Chuir mé ~ ar an gclaidhe 20. Cuir ~ ar an tine 20.*
ginn b. Ding 19, 20. *iol. geanntrachaí 20.*
gíneach. Cineál fáis ar an bpportach 20.
ginnéalach f. Duine teann láidir 20.
ginte aid. bhr. *Bhí sé ~ fuinte ann 32, bhí sé ann ó dhúchas.*
gintí /g'inti:/ f. Ábhar le dath dearg a chur. *An ~ 19. /dʒinti:/ 32. (< 'magenta' ?).*

gintlíocht : glintíocht.

giobach aid. Gioblach, briollach. *Tá a chóta cho ~ is nach gcuireá a ruaige na bpréachán é 22. Sfh. Is ~ i an chearc go dtóigfidh sí a hál 20* – ag tagairt do mháthair clainne.

giobhán f. 1. Teach is talamh. *Chuaigh sé isteach i n~ 20, phós sé isteach in 'áit'. Bhfuil ~ maith aige? 20. Giobháinín beag talúna 20.*

gioblóidí. Píosa beaga conamair 20.

giobóigin b. Cailín beag pointeáilte cruachúiseach 20.

giodamálte aid. Éasca, spreabh sách. *Chuaigh sé siar an bóthar go ~ 20.*

giodar. ~ a chur i dtóin duine, é a dhíbirt. *A cuir ~ na dtóin ag imeacht ón doras . . . ní airím é a tóirt déirce dhaof (na tincéarai) 24 cuir. . . ach is gérr a bhí mise a cuir ~ na thóin a goil ann 24 cuir. Cuirfidh mise ~ in do thóin 19.*

giogóg b. Broim chiúin 20. *Dá ligeadh duine broim nach gcloiseá ach air éigin, is air sin a tugtar a' ghíogóg 24.*

giol. 1. *Corraí ar bith. Níl ~ i bhfarraige 19.* 2. *Puth. Níl ~ as aer ann 19.*

giolcach b. ~ Spáinneach 20, cineál áirithe giolcaí.

gioll. *I n~ /ə'ŋ'ul/, /ə'ŋ'ial/ 20, mar gheall.*

giolla f. Teachtaire. 1. *Duine (go drochmhéastúil). A ghiolla na leisce! 20. A ghiolla na mbréag! 20. A ghiolla an tochais 20. A ghiolla gan cuireadh 20. ~ an tsodair 20, duine a bheadh éasca a chur chun bealaih. Go mo seacht measa a bheidheas tú a ghiolla na míol bhradaí 24 míol.* 2. ~ *Bride 32, éan farraige éigin.* 3. ~ *na leabhar, goile duilleach. Oerionn giolla na leabhar bácaílte 24. An ~ dílleach 32, id.* 4. *Mac ghiolla amuigh! 19, nó Feireannach ghiolla amuigh! 19* – focal a bhí le rá ag an mbean chabhrach agus í ina seasamh sa doras dá mb' iníon a bhéarfai. *Dá mba mhac a bhéarfai is iníon ghiolla amuigh! 19, a déarfadh sí. (Leis an bpáiste a chosaint agus na síogaí a chur amú).*

giollachan a. br. Riar, freastal ar. *An té atá in ann é fhéin a ghiollachan 20.*

giollafocht b. Giollachan (q.v.). *É fhéin a ghiollafocht 20.*

gíománach f. Bean mhór láidir. ~ *breá de bhean a bhí aige 20.*

gionachán : gunachán.

giongach aid. Corraithe, garbh. *Tá an fharraige ~ inniu 19. Lá garbh ~ 19.*

gionglóideach aid. Giongach míshocair (le duine, le capall) 20.

gionnóid b. Tráithnín. *Níl ~ ag fás ann 20. Níl ~ le n-ithe ann 20. Chuile ghionnóid a phiocadh 20. Níl ~ salachair ann 20.*

giorrachan. Giorrú. *Ba ~ saoil dhó é 20, ghoill sé go mór ar a shláinte.*

giorraíonn. 1. ~ *le. Ba é a ghiorraigh leis an bhfear bocht 20, ba é ba chúis lena bhás.* 2. *Focal mór bhí dteach na cuarta 'giorra 'n oidhe', sin sgéal inseacht 24.* 3. *Ag giorrú an gharraí liom 20, ag giorrú na coda de a bhí fós le saothrú nó le baint.*

giorria f. 1. ~ *cíbe 20, cineál áirithe giorria. Ní*

shíúlfadh ~ *cíbe ann* 20 – le háit an-bhog nó an-leamhain. 2. (a) Buachaill a gcuirt an tóir air i gcluiche áirithe. *Nuair a bheach alt go na grabairí fré chéile, cheapaí mach le méirín fhliuch an té a bheach 'na ghiorraí* 24. (b) ~ *beag*, ainm an chluiche sin. *Oidheanta dubha bheithí a' díona 'bhfallai bheaga' nó 'giorra beag' 24 rith.* 3. ~ *caill* – giorra arbh éard a bheadh ann cailleach faoi dhraíocht. *Dúra go b'iad buachaillí Shéamuis bhí ann nó sin ~ caill 24. 'Fainic' a déaradh fear fadó agus iad a fiach, 'an ~ caill é' 27.1121.* 4. *Plaic an ghiorra*, béile an-ghann. . . . *nach mbíonn ag a leithide ach plaic a' ghiorra 24 leasdearthár.*

giortachán *f.* Beithíoch beag gearr 20.

giortaíonn. *Giortaigh* anuas! 32, teann anuas (chuig an tine).

giosabal *f.* 1. Luifearnach. *Ag piocadh as an ghiosabal 20. ~ coirce 20, cosamar coirce.* 2. Grifisc phrátaí. *Níl iontab ach ~ 20.* 3. Gramaisc daoine. *Ba chóir do breathnú amach don ghiosabal páistí 32. Níl iontu ach ~ 20.*

giosadán *f.* ~ *buí 20*, cineál áirithe giosadáin ('thístle'). ~ *bréan 19*, cineál áirithe a mbíonn bileoga tírime liathghlasa orthu agus boladh bréan orthu, a thugtar isteach sa teach leis an cuileoga a dhíbirt.

gioscán *a. agus a. br.* 1. Díoscán. *Ba mhaith leothab fadó bróga a mbeadh ~ iontab 32. ~ na maidí rámhá 19.* 2. Gioscadh (q.v. sv. *gioscann*). *Bhí an t-uisce ag ~ i mo bhróga 32, 19.* 3. *Tá sí [capall] ag ~ 20*, tá sí ag torann agus í an cnagadh beatha.

gioscann. 1. Déanann torann mar a dhéanfadh uisce i do bhróg agus tú ag síúl. *Tá an t-uisce ag gioscadh i mo bhróg 20. Tá mo bhróg ag gioscadh 20* (de bharr uisce a bheith inti). 2. Uscadh . . . *fuil ag gioscadh ó bhun na gcrann 20. Bheadh an t-uisce ag gioscadh aníos thríd an talamh 20.*

giostalach *aid.* *Bhí sí cionál ~ ina bealach 32* – le cailín óg biogúil a mbeadh seanchaint aici 'ag ceapadh go raibh sin ina bean' 32.

giota. 1. ~ *beag 20*, duine beag. *Gitín beag 20, id.* 2. *Stop nó buailfidh mé i mbun an ghiota thú!* 20 – (ní ciall chruinn le 'giota' anseo. Tá 'i mbun mo ghiota tharla sé' i sean-rann). *Tiúrfaidh mé i mbun an ghiota dhuit é 20, id.*

giotamáil *a. br.* Siobáil. *Bíonn sé ag ~ oibre 20.*

girle guairle. Gille guairle (q.v.) 31.

girrléimreach *a. br.* Léimneach bheag. *Ná bígí ag ~ ar na leapacha 20.*

gitseachán *f.* Buachaillín beag in aois a dhá bhliain nó mar sin 19.

Giúdach : **Ghiúdaf.**

giúitse geáitse. Geoin. . . . *ní chuala tú a leithide go ghiúitsha geáitsha mar a bhí air sról i dtom mór giolcachaí 24 bailíonn.* (Druideacha a bhí ann).

giúirlinn *b.* 'Shipworm' 20.

giúnach *f.* Fás lag. ~ *feamainne 29. ~ fiasóige 19. ~ féir 19.*

giúran : **diúrainneacha.**

giúsach *b.* *Srón ghiúsaí 20*, srón mhór. ~ *ghallda 20*, cineál áirithe giúsaí.

giúslaf. 1. Seanéadach stróicthe 19. *Tá sé in áit eicint i do ghiúslaf 19, . . . i do chuid éadaigh.* 2. *Airim an slaghán i mo ghiúslaf anocht 19, . . . i mo chorp.* 3. *Tugadh sé an méid sin anois ina ghiúslaf leis 19*, tugadh sé leis go maith an méid a dúradh leis, agus machnaíodh sé air.

glac *b.* 1. Riar (mhór). *Tá ~ mhór mhúna bainntí agut 24. Bíonn glacanna móra fataí air a' maraga aige 24.* 2. *Ná buailtear i do ghloic iad 20*, ná coin-nigh iad (cártaí) go dtí an deireadh, ar fhaitíos go mbuailfí iad. 3. *D'íosadh sé amach as cúl a ghloice í [feoil], sin le rá go ra an-duíl aige inntí 24. Bheadh do ghloic i do ghloic a'd 20*, bheadh an-ocras ort.

glacann. 1. *Ná glac ina dhrugall é 20*, ná goilleadh sé ort. 2. *Ag glacadh talúna 19*, ag súl ar thalamh (le bád). 3. *Glacadh, fáiltas airgid. Tá glacadh lucht stuic an-mhór air a' saol seo 24.*

glae /gle:/, /glai/ *f.* 1. *Glaechnaí 20*, ramallae dárach. *Glaechnaí glasa 19, id. Bhí glaechnaí leis an mbó 20.* 2. *Déanfaidh mé ~ glas dhao! 19*, buailfidh mé go dona thú. 3. *Pisliní. Bhí glaechnaí pisliní leis 20. Ní raibh tú riamh gan do ghlae a bheith ort 20.* 4. *Tá sí 'na ~ 20*, tá sí (móin) an-fhliuch.

glafaireacht *b.* *Ag ~ ghála 20*, ag séideadh go fothramánach. *Bhí ~ ghála ann 20.*

glafairt. *a. br.* Argóinteacht ardghlórach. *Ag ~ ar a chéile 20.*

glafar *f.* 1. Glao, béic. *Chuir sé ~ as 19, 20.* 2. *Tafann. Chuir an mada mór ~ as 19.*

gláifeise *b.* 1. Caint ghaisciúil gan réasún. ~ *chainte 20. Bhí ~ ar bun aige 20. Ag ~ 20.* 2. *Séard é fhéin ~ d'fhear 20, . . . gaiscineach. Ffr. bláifeisc.*

gláifeisceach *aid.* Gaisciúil sa chaint 20. *Duine ~ 20. Ffr. bláifeisceach.*

glamba *f.* 1. An píosa breise ar an maide rámhá a bhfuil poll don chrioga ann 19. 2. Clampa móna 31, (seacht bhfód ar a fhad, dhá cheann trasna, dhá cheann is fiche ar airde). *'Na dhia sin díontar glambai dhui . . . curtar abhaile astu sin i 24 móin.*

glámhóid *a. br.* 1. Clamhsán, éagaoin. *Ag ~ is ag clamhsán 20. Bheadh duine ag ~ thrína chodladh 19.* 2. 'Ceol' mar a bhíonn ag rónta, meamhlach mar a bhíonn ag cait. *Ag ~ a bhíos na róinte le chéile 19. D'airigh mé na cuit ag ~ le chéile 19.* 3. Argóinteacht. *Cén sórt ~ é sin ort? 19.*

glámóg *b.* Lonnadh, tonn nach mbriseann. *Nuair a thagas calm i ndiaidh gairfean agus a thosaíons an fharaige agus loch a' ciuniú air ais, is 'glámóg' a glaoidhgear air na tonnta an uair sin. Ní bhíonn cúr bán ar bith air na glámógaí mar bhíos ar na tonnta 27.1439. Na ~aí beaga a brise ar a trá 24 bodhar. Réis nach ra puth san aer bhí chaon ghlámóig dá ra air ghlaistinn cho mór is gur beag nach bhéigeann dom casa 27.1439.*

glámóid *b.* Glámhóid (q.v.). 1. *Bhí siad a' mugailt sa ~ eatorra féin i ngeall air a' sórt béilí a bhí siad a' fháil 27. 529. . . . ach a' ceasacht is a' ~ air fad 24 ceasacht. . . . iad a bhe a' clousán sa ~ is an áthrach a chéile 24 buile. Bhí sé a' ghúmóid 'sa ~ leis féin faoi cibé diabhal a bhí air 27.897.* 2. *Na*

- cuil ag ~ i gcaitheamh na hoíche 19. 3. Sáraíocht, argóinteacht. *Caithí uabh a' ghlámóid . . .* 24. *Is beag í údar na ~ e aig an té atá frusta a bhaint* 24. *Ná bigí a' ~ mar sin i ngeall air thada* 24.
- glan** *aid.* 1. *Chomh ~ le croi do bhoise* 24. . . . *le breán* 31. 2. *Sílím go bhfuil muid ~ le chéile 'nois* 24, nach bhfuil fiachá ag ceachtar againn ar a chéile. 3. *Amach is amach. . . bhí sé bréan ~* 24. *Go siúráilte ~* 20. *Gan ann ach an fhírinne ghlan* 20. *Go réidh ~*, go cinnte, go héasca. *Bheithféad go ré ~ thoir ag an Spidéal ó thosaigh tú ag stócáil* 20. *Go ~ díreach*, go cruinn baileach. *Sin é an chaoi chéanna go ~ díreach* 20. *Go ~ díreach mar a dúirt tú* 20. 4. *Sin é anois an cárta is gloine istigh* 20, sin é anois an cárta is fearr istigh. 5. *Níl sí ~* 20, buaileann sí [capall] an chos deiridh leis an gcos tosaigh agus í ag imeacht. *Imíonn sí [capall] an-ghlan* 20.
- glanann.** *Is math a ghlan sé as an tinneas a bhí air* 24, is maith a tháinig sé as ar fad. *Tá mé glanta astu air fad' a deir sé, 'ní ra a gcuid bealaí' goil stós liom' 24, tá mé éirithe astu . . .*
- glan-ascartha(ch)** *dobh.* *Glanoscartha. Hobair sé ghoil glan easgarach as a chial mar gheall air* 24 *meáchan. . . go mbéigeann dúinn eirí glaneasgarath amach as a' leaba* 24 *dreancaid.*
- glanchiall** *b.* *Ciall cheart. . . ní raibh aon bhrabach le fáil air a chuid cainte, chon oiread is dá mbeadh sé air a ghlan chéil* 27.1019. . . . *gur airigh sé rudaí agus é ar a ghlanchéil* 24 *súilacht.*
- glanchosa.** *Tá sí [capall] sna ~ in airde* 20, 'at full gallop'.
- glanchuimhne** *b.* *Cuimhne shoiléir. Choinne sén dá nád sin i n~ go bhfuair sé bás* 24. *Bhí ~ aige air chuile nád ó bhí sé na pháiste* 24 *glan. . . réis go bhfuil ~ acu air rudaí brocach eile nár bhfuí a thóigeáil as a lathach* 27.1507.
- glan-Ghaeilge** *b.* *Caint shoiléir dhíreach. . . a deir sé de ghlan-Ghaeilge* 20.
- glanmheabhair** *b.* *Meabhair shoiléir. Bhí a ghlanmheabhair aige go dtí na nóiméid dheire* 24 *glan. Cén fáth nach bhfuil ~ aig chuile dhuine . . . air a' mí bhred sin* 27.1507.
- glanshiúlach.** *Níl sí ~* 20, buaileann sí [capall] an chos deiridh leis an gcos tosaigh agus í ag siúl.
- glantóireacht** *a. br.* *Glanadh fiaie. Chuil fhear . . . go dtí na stiúle in obair, a' tanaíochan agus a' ~* 24 *mí mheán. Is mór a' seó ~ i mbliana, a' chaoi bhfuil a' salachar a' fás* 24 *salachar.*
- glao** *b.* ~ *chluaise* 19, fead ghéar sa chluas (comhartha báis é de réir an tseanchais).
- glaombaga** /'gli:wagə/ *a. br.* *Ag magadh go hard-ghlórach. Ag ~ faoi* 19.
- glarsa** *b.* *Glarsa, luifearnach. Dhá mbeach láimh curáí ins na fataí agus a' ghlarsa tá iontú taraintí . . .* 24. *A' tarrant a' ghlarsa bhí ins na fataí a cha mé an lá* 24. ~ *mhór* 24A. *Ffr. glarsa.*
- glas** *f.* 1. ~ *cruinn* 19, glas iarainn timpeall ar iochtar an chraimn sa bhád. 2. *Ghabhfadh sé i bpoll an ghlois le faitíos* 20 – le duine faiteach. *Shílfeá go raibh ~ ar a bhéal* 20 – le duine nach mbeadh smid aige. 3. *Téann i n~*, déanann cúpláil. *Nuair atá mada boineann faoi oeir agus ligtear ag mada fireann í, toen siad a n~ le chéile* 24 *adhall.*
- glas** *f.* 1. *Geal, glan. . . le dath ~ a chur air* 20, le dath geal glan a chur air [poitín]. *Chomh ~ le uisce* 20, . . . *leis an scilling* 32. *Cho ~ le deoir aille* 24 *deoir.* 2. 'Green'. *Cho ~ le úla fadháin* 24. 3. *Bó ghlas, 'bó a bhfuil rínsí bána inti'* 20, 'strawberry' 24A. 4. *Caora ghlas* 20, caora dhubh. . . . *na caoire glasa, fásann cuide nach olann níos duibhe ná a chéile* 20. 5. *Garbh. Tá an fharraige ~ go maith inniu* 20.
- glasann.** *Éiríonn glas. Nach é chuile áit atá tosaithe ag glasadh* 19. *Ghlas chuile shórt go breá ó fuair siad a' bháisteach* 24. . . . *glasa na páirceannaí gon stoc aríst* 24. *Ní aireá a' glasa aríst é* 24.
- glasbháineacht** *b.* *Mílitheacht. D'aithneó air g[h]lasbháineacht a h-éadan nach ra sí air fúna* 24.
- glasbhán.** *Garraí ~* 20, garraí nach mbeadh ligthe chun báin ach le bliain.
- glasfharraige** *b.* *Farraige gharbh* 20.
- glasghaineamh** *f.* *Gaineamh garbh a bhfuil láib tríd* 19.
- glasmhisce** *b.* *Beagán meisce. Bhí sé ar a ghlasmhisce* 20.
- glasóga** *b.* *Mangach dubh* 19, 20.
- glasa** *b.* *Fiaile. Tugtar ~ freisin air shíol luibheanaí a fhásas i ndrileanaí turnapai nó mangolds. Dubhairt duine go minic go raibh 'plágh ghlasra' nó 'clí ghlasra' a fás ionntu* 27.1431. *Ffr. glarsa.*
- glasrach** *b.* *Glaisneach ('fieldfare')* 20.
- glasrua** *aid.* *Rua éadrom, donn éadrom. Éan deas ~ í an fhuisseóg* 24 *fuisseog.*
- glasta** *aid.* *Géar. Tá sí [scian] ~* 20. (*Blasta freisin* 20).
- glasghruín** *aid.* *Uaine* 20.
- gleacadóir** *f.* *Duine glic cleasach. Sé bhí an an imeacht, sé an ~ go díreach é* 24. (*Gleacaí freisin* 20).
- gleacadóireacht** *b.* *Gleacaíocht. Dhíonach daoine nead a do chluais le na gcuid ~* 24 *nead. Rinne sé ~ ort* 20, bhuail sé bob ort.
- gleacafodóir** *f.* *Gleacadóir* 20.
- gleaid** /gl'ad/. *Áthas. Tá an-ghleaid orm* 20. (*Ag seandúine is mó a chloisféa é*).
- gleannach** *aid.* *A bhfuil gleann ann. Tá sí [sráid tí] ~* 20.
- gléaradh.** *Tá sé ag ~ feochadh* 20, ag fiuchadh go tréan torannach.
- gleas** *f.* *Snas, loinnir. Tá ~ ann [i gceisceann na bó] le teann ramhracht* 20. *Chuir tú ~ maith ann* 20. *Sórt staighre go chaideogai cloch agus gleais ionntu a' chaoi a bhfuil siad buailte ag cosa na ndaoine atá a goil air na rástaí ann* 27.877.
- gléas** *f.* *Soláthairtí riachtanacha. ~ tórraimh* 31, a mbeadh riachtanach don tórramh (ól, tobac, píopaí, etc.). ~ *uirlise, foireann uirlisí. Is aige bhí an gléas ourlis í bearr go na siúinéaraí ar fad* 24.
- gleasáilte** *aid.* *Snasta, lonrach. Tá sí [capall] ~ amach go maith* 20. *Éadach ~ dubh* 20.
- gléasta** *aid.* 1. *Feistithe. Tá sé cho gléastaí le*

cléireach *banc* 24 *gléasann*. *Chomh ~ le cuach* 19. 2. Buailte, cniogtha. *Deoul cra in a gcluais anois, tá siad gléastaí i n-éanfacht, ní imreó siad níos mó 24 gléasann.*

gleo *f.* Fústar. *Níor bhfiú a leath-oiread ~ a dhíona dhó is gá [ar scáth] an méid a d'oere suas 24.*

gleoir : **glóireach**, **glórach**.

gleoire: **glóire**.

gleoite *aid.* Deas compórdach. *Mhair sé go ~ na dhiaidh sin ann, ní air a raibh go thalamh ann aige é 27.1110.*

gleomhar *aid.* Gleoch. *Ná pós bean mar chearc, bean ghligearnach ghleomhar 19.*

glib *b.* 1. Fionnadh ar rúitín capaill 20. 2. Moing. *Is deabhaltai an ghlíb de mhoing atá uirthi 20.* 3. Snáth ag rith tríd an bportach 20. *Tá ~ ann 20.*

glibín *f.* Duine nach mbeadh a fholt réitithe. *Is tú an ~! 19.*

glibíneach *f.* Duine gliobach. *Is thú an ~! 19.*

glic *aid.* *Chomh ~ leis an tseantuch 19, . . . le muic 20, . . . le sionnach 20. Tá sé chomh ~ is go meallfadh sé an capall ón gcoirce 19.*

gliceadas *f.* Gliceas 20. *Bhí an ~ ag baint leis 20. Go leor gliceadais 20.*

glicíocht *b.* Gliceas 20.

glicadóireacht *b.* Cleasaíocht ghlic 20.

gligger *f.* 1. Criogar. *Shléa gur shiar sa bpúirín tá an gligger a' sról 24 gligger. Is mó na gligger a d'airínn istí is amui tamall blianta ó shoin ná anois 24 gligger.* 2. Duine gan éirim, 'ceann cipín'. ~ *de dhuine 20.* 3. Duine meath-thinn. *Is tú an ~! 20.* 4. Duine sochorraithe chun feirge 20. *Gliggerín 20.*

gligearnach *aid.* Ag síorchaint seafóide. *Bean ghligearnach 19.*

gligearnaí *b.* Gliogarnach 20.

glig gleaig *f.* 1. Sraith fuaimeanna arda géara. *D'airigh mé an ~ ag teacht 20.* 2. Níl ann ach ~ 20, - le carr a bhí ag titim as a chéile. *Tá sé ina ghlig gleaig 20, le claí bhí ag brath ar thitim.*

gliggerín *f.* 1. Dísp. ar *gligear* (*q.v.*) 2. Ainmí lag meata 20. 3. Droch-chaint 20.

gligreachán *f.* Gligear (*q.v.*) de dhuine 20.

glincín *f.* Duine a bheadh ag síorchaint faoina chúrsaí féin; duine sochorraithe chun feirge. *'Níl ligean chuige na uaidh aige' 19. ~ salach é sin 19.*

glincíneach *f.* Glincín (*q.v.*). ~ *bradach 20, ~ dearg é siúd 20.*

glincíocht *b.* Gintlíocht. *Roth na ~ 20.*

glineálann : **gliondálann**.

glintíocht *b.* Gintlíocht. *Tobar na ~ 20.*

glinne *f.* 1. Ribe d'fhionnadh capaill. ~ *a bhaint as an scothach 20. ~ ruainneach 20.* 2. Ribí fionnaidh a fhítear le chéile agus a úsáidtear leis an duán a cheangal don dorú (ag iascach ballach) 20. *Tá dhá ghlinne ar an drú ballach, an ~ uachtair agus an ~ iochtair 19.*

gliobach *aid.* Portach ~ 20, portach a bhfuil glib (*q.v.*) ann.

gliobógín *b.* 1. Cailín beag deas, bean dheas óg 20. ~ *dheas de ghearrchaile 20. ~ bheag de bhean 20.* 2. Bó a bhfuil fionnadh fada uirthi 20.

gliogarnach : **gligearnach**.

gliomadóireacht *b.* Gliomáil (*q.v.*) 20.

gliomáil *a. br.* 1. Giotamáil oibre. *Bim ag ~ liom, ach céard tá mé in ann a dhéanamh? 19. ~ oibre 19, obair éadrom nach mbeadh deifir leis.* 2. Fálróid thar go díomhaoin. *Tá tú a' ~ thart agus gan thú bheith ag déanamh mórán maitheasa 20. Deabhal buille ar bith tá sé a dhéanamh ach ag imeacht ag ~ 20.* 3. Méirinteacht. (a) Coinnigh amach agus ná bí ag ~ leis 20. (b) (Le peataíocht cúirtéireachta) *Ag iarraidh a bheith ag ~ 20.*

gliomaireacht *b.* Gliomáil (*q.v.*) 20. *Céardós ~ atá ort? 20.*

gliomálaí *f.* Duine bhíonn ag gliomáil (*q.v.*) 1. Giotamálaí oibre 20. 2. Fideálaí ag pié le rudaí nár bhain leis 20. 3. Fear mór cúirtéireachta 20.

gliomámach *f.* Gliomálaí 2 (*q.v.*) 19.

gliondálann. 1. Casann (dorú) ar ghlinne 20. 2. Bailíonn le chéile go pointeáilte na deiseanna iascaireachta (tar éis a bheith ag iascach). *Ghliondál sé a chuid deis 19. Tá sé in ann gliondál suas 20.* 3. Imíonn go mall. *Ghliondál sé leis 19.*

glionn. Dlíonn. *Bhí sé glite dhaom 20, bhí sé de dhualgas orm (dul chuig sochraid). Tá sé glite ort is íoc é 20. Ní á ghlíochtáil air é 20, ní á rá go bhfuil sé glite agam air. Bhí sé glite amuigh aici 19, bhí sé aici ar dhuine.*

glisteanach *aid.* Dlísteanach 20.

glíúdán. Torann beag ag an bhfarráige ar an trá. *Bhí ~ ag an Trá Mhór 19.*

gliúmáil, -álaí : **gliomáil**, -álaí.

gliúra gleára. Rúille búille. . . . *bhíodh babhru cluas orthu ag éisteacht lena ngliúra gleára ó thosaíodh siad a' déanamh na neadracha nó go mbeadh na préacháin óga in an imeacht 27.817. B'éigean dom cnag mhaith a bhualadh air a' doras le mé aireachtáil, bhí an t-ann ghlíúra gleára istí 27.1126. A leithide go ghlíúra gleára ní dheacha rid a mbaile ón chéad lá 'riabh 24 ceanglaíonn.*

gliúrach *b.* 1. Duine ramhar mór-bholgach. *Nach í an ghlíúrach í! 20. ~ de dhuine 20. Tá sé tite ina ghlíúrach 20. 2. Bolg. *Líon sé a ghlíúrach 20. Féach an ghlíúrach ~ de bholg atá air! 20.* 3. Béile mór. *D'ith sé ~ 20.* 4. Tine mhór. *Cé a chuir síos an ghlíúrach? 20. ~ de thine 20.* 5. Cóisir scléipeach. *Bhí sé ina ghlíúrach ceoil istigh ann 20.**

gliúrachán *f.* Gliúrach. 1. ~ *mór beathaithe 20. Is mór an seó a bhfuil ólta agat, a ghlíúracháin! 20.* 2. ~ *bainse 20, bainis mhór scléipeach.*

gloine *b.* 1. ~ *chabhantair 32, gloine fuisce den tomhas a bhíodh sna títhe ósta (a bhíodh níos lú ná an ghloine a chleachtaí cois teallaigh). . . . marar ól tú ach gloinín an chabhantair 32.* 2. *Tá sé ar nós an ghloine lán 19, tá sé (othar) sa chaol gurbh fhurasta é a chailleadh.*

glóire *b.* 1. *I gcaitheamh na ~. (a) Riamh. Ní fhaca tú feoil níos saoire i gcatha na ~ hana 24 saor. . . . ach níor glaudhu a' t-ainm sin air a' mbaile i gcaitheamh na ~ eirí 27.1504. (b) Go brách. . . . ní bheidh sé focai a gcatha na ~ aige . . . 24 caitheann.* 2. Beocht fáis. *Chuireach sé ríméad air*

do chroí a bheith amui, an ghlóire tá an chuile short dá bhfuil a fás air maidin 24. Ní bheithéa tursach a' breanu air a' n ~ tá a gcúl fataí i ndeire an tsoura . . . 24. Tá ~ ins na coilleachaí [cuillitheacha = lair plandaí] fós 24 coileach. 3. Nach í an ghlóire ! 20, nach í an bhean shuáilceach lách í.

glóire? Dath geal (i súile). Tá ~ inti 20 (i súile an chapail). Tá ~ an 20 (i súile duine). Tá ~ ina shúile 20, tá súile geala aige (duine).

glóireach aid. Geal fiáin, spotaí bána iontu (le súile). Súile ~ a 20.

glóireachán f. Duine a bhfuil súile glóireacha aige 20.

glóiriúil aid. Breá bríomhar. Níl talamh ar bith a dtagann stol turnapaí aníos ann ná a bhfásann siad cho ~ le talamh núbhriste 24 péist rua.

glóisfhéar f. Féar glas. Garraí glóisfhéir 19.

glóirach aid. Glóireach (q.v.) 20, 31.

glóirachán f. Glóireachán (q.v.) 20.

glórmhar aid. 1. An-mhaith, an-lách. Nach ~ an duine é! 20. 2. Breá geal. Tine bhreá ghlórmhar móna 24 dorchadas.

glóran hóp. Caint gan éifeacht. Níl ann ach ~ 20. Glóran hóp é do scéal! 20.

glór f. ~ cinn 20, glór canta.

glúdarnach f. Salachar. Tá sé lán le ~ 20. Tá sé ina ghúdarnach salach anois 20.

glugar. 1. 'Ceol' sa chluais. Cuire mé ~ an do chluais, má dhíonann tú níos mó é 24 rith, buailfidh mé sa chluais thú . . . Cuirfidh mé ~ sa gcluais a'd 19. 3. Rud gan mhaith, 'praiseach'. ~ é do scéalta 19. Rinne sé ~ den scéal 19, rinne sé praiseach don ghnó. 3. Tá sé [ball éadaigh] ina ghlugar a'd 20, tá sé ró-mhór duit. 4. Tilleadh glugair (ch)uige! 20, drochrath air. 5. Criogar 31.

glugaire f. 1. Duine bog beathaithe. ~ mór ramhar 20. 2. Duine a bheadh tugtha do chaint bhog líofa 20. 3. Duine a bheadh tugtha do gháire mór bog 20.

glugaireacht a. br. 1. Caint bhog líofa 20. 2. Gáire mór bog. Ag ~ gháirí 20.

glug glag f. 1. Duine bog beathaithe 20. 2. Torann mar a bheadh ag uisce i do bhróga. Bhí ~ thíos ina bhróga 20. Rinne sé [puiteach bhog] ~ 20 [nuair a caitheadh cloch síos inti]. 3. Caint chlamhsánach. Tá ~ i gcónaí aige 19.

glugrachán f. Duine bog beathaithe 20.

glúin b. 1. Chuir siad ar a nglúine iad 20, bhochtaigh siad iad. 2. ~ mharbh 19, glúin adhmaid ag ceangal na cíle leis an bposta.

glúinéach (f.?). Luibh áirithe, Polygonium persicaria 20. ~, togha mianach féir . . . i dtailtí maíthe móna . . . ní fhásann sé ró-fhada - aithneoidh tú ar na glúnta beaga é 24A.

glúinéach? aid. 1. Féar ~ 27.635, glúinéach (q.v.). Sé cinéal céana a' ceann a bhfuil a' 'féar ~' air, cibé fáth a tugu an dá ainm air. Go bhárr na glúinte atá sa tráithnín níos ailt bheaga, an fáth a cheapfhainn a glaotha 'féar ~' air 24 aorthann. 2. Galra ~ 31, galra ar ghéanna óga; éiríonn siad bacach.

gluit b. Bolg mór 32. Bhí ~ air de bharr a raibh ite

aige 20.

gluitéara f. 1. Duine beathaithe 20. 2. Duine mór-shách 20, 32.

gluite aid. br. 1. Tar éis glaoch. Tá an coileach ~ 20. 2. Tá sé ~ san arm 20, táthar tar éis glaoch air . . .

gluitéarach a. br. Ag ~ chainte 20, ag síorchaint.

gluitseach aid. In aimhréidhe (le gruaig). Gruaig ghluitseach dhubbh 19. Tá mo ghruaig chomh ~ 19.

glúmáil a. br. Mungailt chainte. Ná bí ag ~ faoi ach inis amach é 19.

glúmóid : glámóid.

glutáil a. br. Sacadh beatha. Ag ~ isteach i do phutógaí 20.

glutaire : gluitéara.

gna f. Gnó. Níl gnathaí /gri:/ ar bith amach aige 20, nil cúis ar bith lena chur amach, lena dhul amach.

gnaíúlta f. Gnaíúlacht 20. (Gnaíúlacht freisin 20).

gnathach f. Soláthraí maith, fear maith gnóthaí, bean mhaith tí. ~ mór é 20. Ba mhaith an ~ í 20.

gnathach? aid. Gnóthach. Sfh. Bíonn an mí-ádh ~ 20. Ffr. gnóthach.

gné b. Snua, dath an chraicinn. A ghné chraicinn 32. D'aithnigh mé as ~ a chraicinn é 32. Bhí ~ mhaith air 20.

gnóchaint a. br. Gnóthachan. Thosaigh sé ag ~ 32. An raibh mórán ~ ann? 20.

gnóiteach aid. Buaitheach. Bhí sé ~ iontab 20, ghnóthaigh sé orthu.

gnóthach /gruhæx/ aid. Fiosrach i dtaobh gnóthaí daoine eile. Tá sé cho grothach le seanbhean air aonach 24.

gnóthaí : gnathach.

gnóthaíonn. Buann. 1. Is minic a ghrúchann capall rása 24 ádh. 2. Ghnóthaigh sé ann 20, ghnóthaigh sé air (beithíoch a díoladh). 3. Feabhsú i dtaobh na sláinte. Tá an fear bocht a' grúchan go math anois 24. Tá grúchan mór díonta ag na páistí ina slainte ó bhí an bhruiltéach orú 24.

gnóthúil /gruhu:l'/ aid. Éifeachtach. ~ chun gnó 32.

gnúis b. Gnúis na muice 19, straine ghránna. Bhí gnúis an bhodaigh air 20, bhí cuma dhrochmhúinte air.

gnúis? b. Gnúsacht. Chuir sé gnúis as 20.

gnúiséara f. Duine milleánach do-shásaithe 20.

go 1. ~ cé. (a) Aid. cheist. ~ cé chaoi bhfuil tú? 20. Níl a fhios agam beirthe ná beo ~ cén fáth ar lig mo dhriotháir thairis thú 20. Féach ~ céan meall airgid tá ceapaí dhó . . . 24. (b) For. ceist. ~ cé dúirt leat é? 20. 2. ~ céard, for. ceist. ~ céard tá ort? 20. 3. ~ té, go cé (q.v.). ~ té scéal é? 20. ~ té bhí á rá leat? 20. 4. ~ téard, go céard. Ara, ~ téard, a dhúine? 20.

go? dobh. Chomh. Níl siad ~ tiubh anois agus a bhíodh siad 31. Níl ceachtar acub ~ maith leis an ngual 20. Bhíodar ~ mór le gobáiste 20. (Tá go go coitianta mar sin ar fud an chontae, ach tá chomh /xə/ chomh coitianta céanna nó níos coitianta).

gó f. Iarracht, babhta. 'Fua sé iarracht a' m'oe' deir sé 'beidh ~ eile agum leis' 24 dubhán ala. Ní ra caile ar bith air a' bplean sin ach go dtagach boutaí

nach n-éireóch a' ~ leat 24 meacan. *Cháil sé an ~ sin* 27.957. *Bhí cor am a n-éireodh ~ maith leofa* 24 braddán.

gob f. 1. Sáiteán, príocadh sa chaint. *Thug sé an ~ sin dhó* 20. 2. *Tá ~ air* 20, tá stiúir oile ar a aghaidh. 3. ~ *doiris*, duine ina sheasamh ar ghob dorais. *Ná bí ansin i do ghob doiris!* 20. 4. Uillinn talún. *Tá cupla ~ nó trí air a chuid talúna le gearra l'oe an bothar a ríthe díreach* 24. *Tá an ouin a breanu an-deas anois ó gheárr lucht na drénála dhuíthe na goib* 24. 5. Níor chaitheadar ariamh na goib ar a lámh 20, ní dhearnadar riamh obair throm lámh . . .

gobach. 1. (Le hiasc) Fadghobach. *Iasc ~ 32*. 2. Caolsrónach, fadsrónach. *Má tá sí ~ héin a' breanu tá sí an-lách* 24. 3. Tugtha do ghoib a thabhairt. [E]asóigin cheart í, tá sí chuill ourlach cho ~ léi 24. 4. Speiceach. *A chulaith dhearg is a chaitín ~ gear* 24. 5. *Gruaig thanaí ghobach* 19, . . . a bhí ag gobadh amach.

gobaidí agha /'gobaði: 'ai/ f. 1. Duine biorshrónach 20. 2. Gasúr tanaí a mbeadh 'gob cainte' air 20. 3. *Cúig a' ghobaidí agha* 20, cúig áirithe sa chluiche 'clocha péire'.

gobáil a. br. 1. Ag príocadh leis an ngob 20. 2. Ag cur sáiteán sa chomhrá. *Bhí sé ag ~ isteach sa gcaint* 20.

gobaire f. Gobachán 20. ~ *cantalach* f 20.

gobán /guba:n/ f. Fear deaslámhach ag saoirseacht. 'Bhíodh cuid acu a' fáil moladh mór . . .' 'Níl dabht ar bith nach an-ghobáin a bhí iontu' 27 gobán.

gobánach /guba:nəx/ aid. Maoilscríobach ag obair. *Táillíur ~ 32*.

gobann. Tá an bád ag gobadh anoir thar Cheann Gúlain 20, tá barr an tseoil le feiceáil anoir . . .

gobóg b. Gobach, iasc de chineál an fhíogaigh 19. gogaide : **grugaíid**.

go dtí. 1. (Réamh. ina dhiaidh) . . . ~ *le achar gearr* 20. *Ní raibh caint ar bith air ~ le tamall* 20. *Ní raibh aon aithne agam air ~ le cupla lá* 20. . . . ~ *le goirid* 19. . . . ~ *sa Márta* 20. 2. *Fiú amháin. (a) ~ chuile loch dhá raibh ann, bhí a fhios aige é* 20. ~ *na gárdaí bhíodar ann* 20. *Bhíodh a' teach in uair sin a' cuir har a mhaoil le dtagadh ann, ~ an dream a bhíodh ag obair i nGaille, d'fhanadh siad sa mbaile an mhaidín sin* 27.231. *Bhí lámh mór acu le leads óga an bhaile . . . ~ go dtagadh siad aniar a' cuairt sa nGeimhrídh* 27.423. (b) ~ *amháin, id. ~ amháin na faochain fhéin, tá sé á gceannacht* 20. (c) ~ *fiú. Bhí chuile shórt sa siopa ~ fiú na mbróga* 20. 3. In éineacht le. *Chait sé an lá thíos ~ mé* 20. *Ba mhaith liom duine a bheith ~ mé* 20.

go dtíge. Go dtí. Nuair a tháinig sé ~ *focal áirid* . . . 19. *Bhíodh daoine ag goil ~ í* 19, . . . *go dteaga tú ~ sin* 19.

gofa(ch). Sásta. *Tá sé gofa sásta leis* 20. *An-ghofach leis* 19.

gog, -aí, -aide : **gug, -aí, -aide.**

goibéalach aid. Goibéalta. *Fuagra gearr ~ 20.*

(*Goibéalta níos coitianta* 19, 20).

goidé /gə'd'e:/. Cad é. *Dheamhan fhios ~ sin* 19, cá bhfios?

goideann. 1. *Ghoidfeadh sé an úth ón ngabhar* 24A. *Ghoidfeadh sé an bhráilín den chorp agus an corp ina dhiaidh, dá mbeadh aon ghra aige dhe* 19. 2. 'Ag goid na meala' 24 - ainm cluiche tórraimh. 3. *Ag goid na gcos, ag siúl go mall airdeallach, ag éalú. Bhí mé a' goid na gcos go rous glanta harstu* 24 *cúramach. 'Ní raibh mé ach a' goid na gcos a' déanamh air'* 27.556. *Bhí mé a' goid na gcos go dtí é agus le chuile stríocáil bhí mé air sról go chuir mé cois hairis* 24. 4. *Tá sé á ghoid leis go deas* 20, tá sé ag dul ar aghaidh ag cur an gharraí de réir a chéile. *Ag goid na hoibre leis* 20.

goijiún /godʒu:n/. ~ *de shróin* 19, srón mhór.

góil a. br. 1. ~ *ghaoithe* 19, clabhtaí dubha a n-aithnítear orthu go bhfuil gála air. *Níl ~ gaoithe ná gála aige* 32, níl bualadh gaoithe ná gála air. 2. ~ *de. Ag ~ dá thóin in airde* 20, ag léimneach as a chosa deiridh (le capall). 3. ~ *le, bheith ag. Níl aon fhiacaíl ag góil leis* 20, níl aon fhiacaíl aige. *Ní raibh aon fhocal Béarla ag ~ leis* 20. *Ní raibh aon fhocal Gaeilge ag ~ leo* 29. *Dheamhan blas ag ~ leis ach an t-asal* 20. *Chuirfín a bhfuil ag ~ liom go . . .* 20. *Ní raibh aon alt ag ~ leis* 20, ní raibh aon alt ann (sa bhíoma). 4. *An coileach ag ~ leis na cearca* 20, . . . ag cúpláil leis na cearca. 5. *Stiúradh báid. Níl sé a' tóirt a' ghóil air aon rása mar bhíodh sé* 24 gabháil.

góile f. 1. *Tá aghaidh a ghoile aníos* 20, tá sé ag urlacan. *Bhí mo ghoile i gcúl mo ghloice agam* 20, bhí an-ocras orm. *Tá ~ salach aige* 20, bíonn tinneas goile ag dul dó. *Buail isteach ar an n~ dilleach é* [duine] 20, buail sa bholg é. *Rud a chur (a dhul) ar a ghoile do dhuine, a chur in iúl dó go raibh a dhrochiompar ar eolas, agus go n-íocfadh sé as. Tuige nach dtug tú siar ar a' bpus dó é agus a chuir ar a ghoile n'éanacht dhó* 24 pus. . . . *cuiriu ar a n~ dhaoig, ní nár bhfeáride iad aríst píosa fada dhá saol* 24 ascaill. *Is minic a dúrú le duine a raibh sí ann go rachadh a bheartaíl fós air a ghoile dó* 24 beartaíl. *Racha sé fós ar a ghoile dhó* 24. 2. *Eagán éin. Bhfuil beatha ina ~?* 20 (le cearc). 3. *íol. Ionathar éisc. Goileachaí éisc* 20.

góileann. Gabhann. 1. Tugann (leithscéal, buíochas). *Ghabháil a' S.P. (sic) a leithscéal chomh maith is a d'fhéad sé* 27.140. *Ghóil muid seacht leithscéul ansin leis* 27.648. *Ghóil mé párdún i ngeáil go rous i gcúlódar a' triúr eile* 24 naomh. *Ghóil siad buíochas leiche* 24 fuálann. 2. Canann. *Fan go mbeidh sé bocai, góile sé cearú amhráin (óráin) dhaoibh* 24. *Níor thaithe liom a' g[h]óil a hug sé air an amhrán sin* 24. *Cén fear a g[h]óil a' chearú a bhfeárr* 24 feoil. . . . *mar góiliú a gcearú óráin go minic* 24 cana. . . . *cearú mhaith abhráin. Sin abhrán maith góile go maith* 27.181. 'Góil aríst é', a deir a' boc. *Ghóil sé óna chroí athuair é* 27.467. 3. *Stiúran (bád, mar 'cox'). Níor ghóil sé aon bhád riamh* 19. *Ghóil sé hana air rástai muid agus bhí sé tofaí* 24.

góileoir f. 1. Amhránaí. *Goileoirí maithea amhráin agus damhsóirí á réir . . .* 27.1407. 2. Stiúrthóir báid, 'cox'. *Ba mhór a leas agus a' tairbhe go chriú go minic ~ maith a bhe acu* 24. *Bhí an ~ dá coinneál taoscadh nó gur ligu amach an rása* 27.379.

góileár f. Góileoir 2 (q.v.). *Bád foscaillte ceithre bhúile agus ~ 24 coláinn.*

goille. Gabh i leith. *iol. Goillí, goilligí* 20.

goimh, -iúil : **gaimh, -iúil.**

goin b. 1. Pian ocras. *Tá sé faoina ghoin* 20, *tá an-ocras air. Nuair a bheithé faoi do ghoin, ceart* 20. 2. *Goimh. Tá ~ san aimsir* 20.

goineachan a. br. Gineadh 20.

goineann. 1. Péacann, cuireann bachlóga amach. *Tá siad ag goineadh amach go deas* 20. *Goinfidh siad fós* 20. *Tá goineadh beag fáis faoi na hinnúin sin* 20. *Tá na crainnte ag goineadh* 20. 2. *Goineadh agus fuineadh ann é* 24, 32, *gineadh agus tógadh ann é*. 3. *Gointe, díocasach, ar bis. Gointe chun cainte* 20. *Gointe chun feirge* 20. *Fear é bhí sách gointí lá shaoir an áit ar bith* 24. *Bhí sé guintí téow a thóirt dhó dhá gcasá leis é* 24. *Á ghointí dá mbeadh dhá ghandal aige a chéile* 27.1589, . . . *dá ghointe chun troda. 'Catha sé, a deir sé 'go rabh siad an-ghointe ag a chéile . . . nuair a bhí sé 'na chlóra mullai acu' 24 gruaig.*

goineog b. Deis cúirtéireachta. *Cáide ó fuair tú aon goineog?* 31.

goimhiúil aid. Goimhiúil (leis an aimsir) 20.

goir b. Gair. *Níl ~ ar bith aige ar an bhfear eile* 20. *Níl ~ ná gaobhar aige air* 20.

goire guairdeall. Luibh áirithe, *convolutus* ? 20.

goirid : **gairid.**

goirín : **guirín.**

goirm b. Gairm. 1. ~ *na gcoileach* 20. 2. Ómós. *Nach do dhaoine atá an ghoirm* 20. *'SÍ an ghoirm a díonú go Pharnell' deir na sean ndaoine 'is mó a díonú g'aon fhear i nGaille ariabh' 24. Níorbh fona an ghoirm sin a dhéanamh dhíobh* 27.352. *A' díona tille ~ dhom líon sé gloine eile fuisge agus leag sé 'gum* (24 líon. 3. ~ *is goirimic* [coisricim] *thú!* 20 ~ *le duine a bheadh i geontúirt, ar tí titim, etc. ~ slán thú!* 20, *id.* 4. ~ *scoile, fógra. Sib a chuir an ghoirm scoile amach faoi* 19.

goiriúint b. Ceiliúr éan 20.

goirt. 1. *Tá sé cho ~ le 'pickle' 24. Tá an t-anra seo cho ~ le mún asail* 24. 2. Binbeach. *Hainic siad amach buile ~ le chéile ansin* 24 *fiacloch. Hainic a' bheirt amach an-ghoirt le na chéile* 24.

goirteamas f. Naimhdeas, casaontas binbeach. *Hainic sé na ghoirteamas eidir é féin agus a Sir* 27.483. *Hainic sé na ghoirteamas atrú a' socrú na tórain* 24. *Chuile dhuine is a ladar héin, a' díona an ghoirteamas níos measa* 24.

gois ard /gə'jɑ:rd/ dohb. Os ard, go poiblí. *Nach bhfuil sé ~ fós?* 20, *nár poiblíodh . . .*

goisín f. Cráinghé óg 20. *Air thosa an guisín a' breith fós agat?* 24. *Is beag na guisíní bhí air an áil, gandail is mó bhí orú* 24.

goisín : **gaisín.**

Goll. ~ *Mac Mórna, ní shásódh iad* 20, *níorbh*

fhéidir iad a shásamh.

gor, -áil, -áladh : **gur, -áil, -áladh.**

goradh f. 1. Deoch mhaith the. *Bhí ~ taе ólta agam* 20. ~ *anra* 20. *Seobh é anois an dara ~ 20, an dara leagan ('cúrsa') taе.* 2. *Tá dhá shlat sa ngoradh aige* 32, *tá dhá ghnó ar siúl aige.* 3. *Chuaigh an ~ ina aghaidh, chlis an bheartaíocht air. I saille na muice fua an ~ in aghaidh* 24. *Fear a mbeadh áit tí ceanna agus ioca aige agus réis sin nach woech cead teach a dhéanamh ann, déarfhaí le na leithidí sin freisin go ndeacha an ~ an aghaidh* 24. 4. *Shf.: Mara bhfuil sé agat féin, déan do ghoradh leis a' ngréin* 24, . . . *déan do ghnó gan é.*

gorm aid. 1. Dubh . . . *iad* [púcaí, seilimidí dubha] *chomh gorm!* 20. 2. . . . *go bhfuair muid ~ é* 19, . . . *gur tugadh léasadh teanga dúinn.* 3. *Chomh ~ leis an bphúirtín* 32.

gort f. *Garraí goirt* 20, *garraí atá curtha.*

gortaíonn. Déanann damáiste do. *Ag gortú an tí* 20, *ag déanamh dochair don teaghlach.*

gorta garta. Fuadar oibre. *Níl aon lá sa mbliain nach bhfuil ~ ort* 20.

gothaí gatha. Geáitsí galántachta. *Dá bhfeicéad goil a' Gaille inniu í agus na goihí gaha bhí eirí, ní cheapá gur infon duine bhoicht í* 24. *Deoul a leithide go ghléas agus go ghohí gaha mar bhí air, ní bhéach sé air mhac soirí duin(e) uasail* 24. . . . *sé gnás a' diabhalaíocht, an uaibhreis, a' ghalamaisíocht agus na gotha gatha é* 24 *máthair. A' cur síos ar ghléas agus na goithí gatha a bhí ar a leithide seo agus iad ag a' damhsa* 24 *cabaireacht.* **grá f.** ~ *na hailpe* 19, *grá don rud a bheadh le fáil uaidh agus ní don duine. Sfh. Is maith an rud ~ nó faitíos* 32. *'Mo ghrá is mo mhíle 'gum', a deir sé' 'mar dteigh mé isteach go bhfeice mé cén bláth atá air' 24 Aifreann.*

grabaid b. 'Vulva' 20. *Téigh do ghrabaid* 20 - *le bean ina súf ar aghaidh na tine. (Grabhaid freisin 20). Ffr. graibide.*

grábháil b. 1. Siobáil oibre. *Bhí sé déanamh ~ oibre* 20. 2. ~ *bhuaille, greadadh buaille. Thug sé ~ bhuaille dhó* 20. 3. ~ *chac an asail* 20, *ainm damhsa éigin.*

grabanta aid. Garbh gairsiúil! *Caint ghrabanta* 19.

grabhal f. Cruimh áirithe a thollann barranna prátaí 31. (Cf. griúil).

grabhlach f. Seanbhó chaite. *Ní rabh aice ach seanghrabhlach go bhó nach rabh iompar a cosa inntí le caiteacht* 24 *uachtar. . . . nach raibh aici ach seanghroulach go bhó agus nach ra iompur a craicinn inntí sin héin le gorta* 24 *im. . . . a leithide go sheanghroulach atá bearaí le rátha a bhfuil math a cuid bainne bleántai* 24 *buailleann.*

grag aid. *Bréidín ~ 31, bréidín garbh, dathanna éagsúla ann.*

gragai. *Fuair sé greim ~ orm* 19, *tháinig sé aniar aduaidh orm le linn an gníomh a bheith ar siúl agam.*

graibhdeachán f. 1. Duine fada cnámhach caol caite 20. 2. Beithíoch caol caite 20.

graibhneach b. 1. Duine caite cnámhach. ~ *de*

bhean 19. Nach í an ghraibhneach í? 19. 2. Bó chaol chaite. ~ de bhó 19. 3. Srón mhór fhada. ~ de shróin 19.

graibhneachán *f.* Graibhdeachán (*q.v.*) 20.

graibide *b.* Grabaid (*q.v.*) 19.

graidhpeachán *f.* Duine fadsrónach 20.

graidhpéara *f.* 1. Duine mór tanaí fadsrónach 20. 2. Beithíoch ard tanaí 20.

gráiféad /grif'e:d/ *b.* Bhí ~ deabhaitach de shróin air 20, . . . sróin mhór.

gráiféise *b.* Conamar, traisearlach 20. Bheadh go leor ~ thíos ann 20. Lán le ~ 20.

gráimpéar *f.* 1. Cloch mhór sa talamh nó ar bharr talún 20. Dhá mbeadh an ~ sin iontaithe anois . . . 20. 2. Seandúine crua láidir garbh 20. ~ mná 20. Nach í an ~ í 20. 3. Capall mór láidir 20.

gráimpiléá /,gramp'i'l'a:/ *b.* Duine óg seanórtha. Nach é an ghráimpiléá é! 20.

gráin *b.* Déistean, fuath. 1. ~ mhuic is mhada, anghráin. Bhí ~ mhuic agus mhada acu air a' spíodóir 24 crochadóir. Chuireach sé ~ mhuic agus mhada ort a' beannu g'fhear ná bean nach dtiúrach aon torra ort 24 beannafonn. Chuireach sé ~ mhuic agus mhada ort an sórt cur a hug sé air a' ngarraí 24. . . . is mór a ghlac ~ mhuic agus mhada ar a leithidí 24 béal. 2. ~ a fháil, a ghlacadh, ar rud. Fuair mé ~ air 32. Ghlac mé ~ ar ól 32. 3. Chuir sé an ghráin shíoraí a'm air ó shin 20.

gráiníonn : gránaíonn.

gráiníúil *aid.* D'éireofá ~ orthab 20, thioctadh gráin agat orthu.

gráiníúlacht *b.* Míghéanmnaíocht. Ní fhanan aon mheas air dhaoine bhíonnas a' díona ~ mar sin 24.

gráinne *f.* An ~ arúir 19, greim áirithe cniotála.

gráinneacht *b.* Gránnacht 20. Dhá ghráinneacht é 20.

gráips. Tá ~ déanta a'd di 19, tá 'praiseach' déanta agat di.

gráisc *b.* Duine gáirsiúil. ~ de dhuine a bhí ann 32. Nach é an ghráisc é 20. (Gráiscín freisin 20).

gráiscíneach *f.* Gráisc (*q.v.*) 20.

gráislí. 1. *aid.* Cearc ghráislí 20, mianach áirithe circe, cleití stoithneacha uirthi. 2. *ain.* Tá sí [cearc] ina ~ 20.

gráiteoig *b.* Duine fuar a mbeadh tóir ar an tine aige 20.

gramastún *f.* ~ de dhuine 19, duine míshuáilceach, míthuisceanach, místuama. ~ mór gránna a bhí ann 19.

grampar : graimpéar.

grán *f.* 1. Tinneas (cineál giorra anála) ar mhuca. Muca a bhfuil a' ~ iontú, d'aireá bhfad uait iad a' tarraingt a n-unáil. Níor chuala mé loes a bích air a' n ~ ariabh 24. 2. Snáithe in adhmhad. Sin é tou an ámaid féach a' ~ tá ann 24. 3. ~ dubh, galar ar choirce. An bhfaca tú an ~ dubh déanta ag coirce ariamh? 24.

gránaíonn¹. Gráiníonn. Ghránófá orab 20. Tá mé gránaithe orab 20.

gránaíonn². Goileann, gortaíonn. Ghrána teas na

gréine an-mhór air na bainimh 24. Réis a' masla fuair sé ní ghrána sé blas air 24. . . . mar bhí an ghrian a' gránú an-mhór orm 24. Bhí an chainnt a dúrá a' gránú orm an-mhór 24.

gránlach *f.* Prátaí beaga. Ní raibh ann ach ~ 20.

grannacht : gráinneacht.

grápsáil *b.* Méiseáil, útamáil. ~ oibre 19. Cén sórt ~ é sin ort! 19.

grás. ~ trócaire ag m'anam, faraor, is mé an díol trua. ~ trócaire ag m'anam gan mé sa mbaile anois 20. ~ trócaire ag m'anam nach bhfuil mé cho hóg anois is bhí scartha an lá . . . 20.

grást(a). 1. Ní thabharfadh sé grásta Dé dhuit á bhféadfadh sé 20, . . . sé dada dhuit . . . Ní bhfuair siad seó na ngrást 20, buailleadh iad go dona. Ní bhfuair mé greim na ngrást ariamh air 20, . . . greim ar bith . . . Dhiún steamar na ngrást a bhí ann 20, ní raibh dada ann. Ní dhearna sé buille na ngrást 19. 2. Fág faoi ghrásta Dé go maidin iad, tá siad a' breaná an-sócúlach 24, fág ina gcodladh . . .

gráta *f.* Pit 20.

greadánta /gr'uda:nta/ *aid.* Beoga. Ag rith go ~ 20. Siúl ~ acub 20. Múr ~ báistí 20.

greallach *b.* 1. Rudaí ar bith a bheadh scartha ar an tine nó ar an teallach 32. ~ mhóna 20. Féach an ghreallach atá agat faoi 20, an tine mhór faoin mbácús. Chuir sé síos ~ bháirneigh 20. ~ bhreá de thine 20. 2. Bailiúchán de rudaí caite le chéile. Tá ~ ghréithí le nlochán agam 20. ~ buidéal 20. 3. Chuir sí síos ~ de cháca dhom 19, . . . cáca mór bog . . . 4. Ná bí i go ghreallach ansin 32, le bean mhór a bhí scartha ar an tine.

greallachán *f.* Greallach. Bhí ~ fataí ann 20. ~ tine thíos ann 20.

greamaíonn. 1. Leanann. Bhí sé ag inseacht scéil eicint ach níor gheamaigh sé dhó 20. Greamaigh ort! 20, lean ort. Níl a fhios a'm nach ngreamóidh sí 20, . . . leanfaidh sí [drochaimsir]. Ghreamaigh sé ró-fhada leis an sceal 20. 2. ~ do. Deabhal saol a bheas ann má gheamaíonn don chogadh 20, má leanann an cogadh.

greamannach *aid.* 1. Greamaitheach. Stuf greamannach go leór é le láimhseacht 24. 2. Breith-ghreamannach. Is leis atá cúl a chainte agus cho ~ is a louireann sé go minic 24. 3. Coinneálach. Sé a bhí greamannach air a chórá, bu deacair mórán dhá chuid údair fháil 24.

greamúf *f.* Chuir sé i n ~ é 20, chuir sé i ngreim é. greannúil *aid.* Greannmhar, barrúil 20.

greanta *aid.* 1. An-gheal. Solas ~ 19. Tá an ghrian an-ghreanta 19. Tine ghreanta mhóna 19. Bhí éadach an-ghreanta air 19. 2. Láidir agus géar. Bhí gaoth an-ghreanta ann 32. Múr ~ 32. Mharódh toirneach ghreanta an t-éan a bhíos ar gor 20.

gréasáil *f.* 1. ~ cladaigh 20, brícin beag cladaigh áirithe. 2. Imeacht a' ghréasáil lúipreacháin air! 24 gar (eascaime).

greasáil /gr'isa:l/ *b.* Bualadh maith. ~ mhaith bhuailte 20. Fuair sé ~ na Seoigeach 19, . . . bualadh trom.

greastal *f.* Riachtanas. *Bhí riar a greastail aici* 19. *Tá díol do ghreastail a' d' 19.*

grealach *f.* Greadadh. *Dá bhfaigheadh sí ~ gaoithe anois is gearr go mbeadh sí ag triomú* 19.

Gréig. *Chuireach sí truai air a n~ a l' oed a ra buailtí níar air a bráid agus é a' báisteach* 24 *buailleann.* *Chuireach siad truai air a n~ a' síul na lathachaf agus gan bróig air a gcois, a leithide go lá fuar* 24 *lathach.*

gréilleach *b.* Seanduine mór ramhar. *Nach í an ghreilleach í!* 20.

greim /gr'i:m'/ *f.* 1. *Níl a'm, gir-ach ~ dhrioball na heascaine* 19, . . . greim an-bhog. 2. *Bhí ~ an fhir bhádhite air a gcuid cainte acu* 27.1071, . . . ní dhéarfaidís smíd. 3. Greim fuála. *Níl dhá ghreim dá chuid éadaí le chéile, catha sé colaith nua a fháil* 24. 4. Sealúchas. *Is iomaí dlí agus caibidil a tharraing ~ tí agus tala ariabh gur bé an té a bheach seacht ngúin amach a gheouch é* 24. 5. Greim fáis i dtalamh. *Tá na plandaí a breith air a n~ go math ó fuair siad a bhoigeacht* 24. *Ní ra achar a' bith go rug siad air a' n~ réis a dtanaíochan* 24 *tanaíochan.* 6. Greim beatha. *Sé an ~ agus an sruth fula dhom é* 19, is é a choinníonn beo mé. 7. *~ dhá ghualainn* 19, modh áirithe coraíochta.

gréineach *aid.* Dóite ón ngrian (le prátaí). *Phioc muid astu chuile fhata nach ra tainiúch - beag is dubh is ~ mar bhí siad* 24 *piocann.* *Tá dó ~ ar na fataí* 20. *Fataí dó ~ 20.*

gréis *b.* Grís (tinneas craicinn) 19, 32.

gréis *b.* Gréisc 20.

gréisceáilte *aid.* *bhr.* Gréisceach 32, 20.

gréisiúil *aid.* Gréisceach. . . *a' rá gur iasc ~ oiltiúil ab ea é* 24 *ronnach.*

grian *b.* 1. *Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch an lá sin* 20, bhí . . . an-te. . . agus a ghrian mhór air an aer 27.270. 2. *Nó go dtéigh ~ go grinneal . . . ní thiucadh aon chainnteoir air an Fhaiche Mhóir arís a bhéar as oiread daoine fré chéile . . . go brách* 24 *duine. . . agus dá mairinn go dteoch ~ go grineal . . . 24 ritheann, . . . go brách . . . Ní dhéanfaidh tú é go n-éirí ~ thiar is go dté sí faoi thoir* 19, . . . go brách. 3. *Chuireadh a mháthair truai air a' n~ ag éisteacht léi a' caoineadh agus a' screadach* 24 *bád.* *Chuireach sé truai air a' n~ a' breamú orú goil hart ansin chuile lá a' cuartú plaic* 24 *ocrasach.* 4. *Níor scairt ~ ar bhean níos breácha* 20. *Níor scail an ghrian ar aon nduine níos gnáúla ná í* 19. *Síleann siad gur air éiríonn an ghrian* 20, tá an-mheas acu air. 5. *Ní ón ngaoth ná ón n~ a thóig sé é* 20, tá sé ann ó dhúchas. 6. *Le ~ a tóigtear na 'numbers' 24 crann,* le cúrsa na gréine. 7. *Ní raibh a fhios aige faoin ngréin* 20, ní raibh a fhios aige ar chor ar bith . . .

grianach : **gréineach.**

griánáin *iol.* Cnámhíní beaga ar gach taobh de thóin na bó. *Tá na ~ leagtha aici* 20. *Tá na ~ sleaicéúlte* 20. *Tá na ~ lagtha aici* 32. *Tá na ~ tite* 19 - comhartha iad a bheith leagtha, etc. go bhfuil sí i ngar do bhreith.

grian-osclaithe *aid.* *bhr.* Osclaithe ag na síomaí ag an

ngrian (le bád, bairille, etc.) 32.

grianscoilithe *aid.* *bhr.* Grian-osclaithe (*q.v.*). *Bheadh an bairille ~ 19.*

grifisc *b.* Cnuasach de rudaí beaga (gan tairbhe). *~ fhataí* 20. *~ éisc* 20. *Tá sí [móin] ina ~ 20,* tá sí briste ina caoráin. *~ ghasúir* 20.

grinn (*b.?*). *Thug sé leis é i n~ a chloiginn* 32, thug sé leis é ina chuimhne ghrinn.

grinneadas *f.* Grinneas 20.

grinneall *f.* 1. *Tá sé [garraí] ite go ~ 20, . . . ite ar fad.* 2. *Níl ~ thríd an talamh aníos ann* 20, níl dada . . . *Níl ~ ag fás ann* 20.

grinneas *f.* *Tá an méid sin ráite na thaobh a bhí i n~ ceart agam de réir mar d'innis m'athair dhom iad* 27.37, . . . a raibh cuimhne chruinn agam orthu. . . *ach tá sé imí ó ghrinneas orm* 27.1100, ní féidir liom é a thabhairt i gcuimhne go cruinn.

griog : **driog.**

griollach *b.* 1. Duine mór ramhar tútach. *Tá sé ina ghriollach le feoil* 20. *Nach í an ghriollach í* 20. *~ mhór de chailleach* 20. 2. Bolg. *Líon sé a ghriollach* 20.

griollachán *f.* Fear mór bholgach mórshách 20.

grionglóideach *aid.* Míshuaimhneach, neamhshocair de bharr tinnis (le hainmhí nó duine). *A. Meas tú bhfuil sí [bó] tinn?* *B. Shílfeá go bhfuil sí ~ 20.* *Tá sé an-ghrionglóideach ru* 20. *Nach tú atá ~!* 20. *Ffr. gionglóideach.*

gríosaíonn. *Gríosaigh amach an tine agad fhéin* 20, tarraing amach í, á gríosú san am céanna.

gríoscann. Gríoscann. 1. *Gríosc suas an tine* 32. *Ag gríoscaid na tine* 32. 2. *Bhí sé gríosca a'inn* 32, bhí sé spreagtha chun sáraíochta againn.

gríostaí. Griostaí (*q.v.*). *Thug sé ~ buailte dhó* 20.

gríostaí. Bualadh trom. *Bhuail mé ~ mór air* 20. *Is maith ghabhfadh sé dhó ~ a bhualadh air* 20.

grís : **gréis.**

griscín. 1. . . . *gheofá chomh fada le cearu cloiche gon tsalann sin [salann feola q.v.] chuile am a dtiucá a' ceannacht píosa feola. Na píosaí beaga feola a bheadh thríd a salann sin is orthu a d'airridh mise 'na griscíní' á thóirt ariomh* 24 *béilí.* 2. *Tá sé ina ghriscín* 20, tá sé an-dearg as a éadan.

gríúán. *Na gríúáin* 19, rudaí beaga bána ar nós sliogáin bheaga a fhasann ar charrageacha agus ar fheamainn is ar bhairnigh.

gríúil *f.* Péist (de shórt éigin). *Má leanann go na gríúil dá dtola ní bheidh ceann a bich iontu aimsir a mbainte* 24 *baint.* *Tá gríúil a n-ithe* 24A. . . . *gríúil (sic) atá sa gcréifóg* 24 *cnámh.* *Ffr. grabhl.*

gróigin *f.* 1. Gróigeán móna 20. 2. Carnán beag (de rud ar bith). *Bhí ~ maith feamainne uirthi (ar an gcapall)* 20.

grua *b.* *Ag leagann gruanna* 19, ag cothromú na talún in áit a raibh iomairí prátaí.

gruaim /gru:m'/ *b.* *Cuma olc mhallaithe. Níor thaithnigh a ghruaim chor ar bith liom* 20 - le tarbh. *Chuir sí [bó] ~ uirthi féin* 20.

gruaiméara /gru:m'é:ra/ *f.* Duine gruama 20.

gruamach /gru:məx/ *aid.* Gruama. *Bhí cosúilacht ghruamach ar an lá* 19. *Duine ~ a bhí ann* 32.

grúd. *Ag cuir grúid uaithi* 20, ag cur salachair uaithi (bó) tar éis beirthe.

grúdamáil a. br. 1. Caint gan slacht gan substaint. *Bfionn daoine ag ~ chainte* 19. *Cén sórt ~ chainte é sin ort!* 19. 2. Obair gan slacht. ~ *oibre* 19.

grúdarlach f. (Cuid den) slánadh (na bó) 20, 'rud a chuirfidís siar thartab a mbeadh fuil ann' 32. ~ *fula* 32. *Ffr. glúdnarnach.*

grugaid b. 1. Cruit (le fuacht). *Tá ~ air* 20. *Bhí ~ air leis an bhfuacht* 20. 2. Cruiteachán beag. *Nach é an ghrugaid é* 20. ~ *shalach* 20. *Tá tú in do ghrugaid ansin ó mhaidin* 20, . . . i do shuí síos gan corraí (agus cruít ort) . . . 3. Bó thanaí ghorúnach. *Sin í an ghrugaid de bhó* 20. 4. Cruimh áirithe 20.

gruigidín. Dúshlán. *Do ghruigidín, déan é sin anois!* 19. *Do ghruigidín é a dhéanamh!* 19.

grúmláil a. br. Méiseáil oibre. *Tá sórt ~ déanta aige air* 19. *Ag ~ oibre* 19.

grúnlach m. 1. ~ *na méise* 20, drochbhia, drochól. 2. Salachar a chuireann an bhó uaithi, tar éis beirthe 20.

grunlas f. Luibh áirithe, *Plantago panceolata* 31.

grupsaí. *Dhéanfadh sé ~* 20, sciobfadh sé [duine nach mbeadh san imirt] a mbeadh d'airgead ar bord ag cartaí, nó ar an talamh ag 'tasáil' pingíní. *Ffr. scrupsaí.*

grúscán f. 1. Siosarnach. *Ag ~ a bheadh an citl* 19. *Tá ~ ag an gcitl* 20. 2. Dioscán. *Dhéanfadh an leaba ~* 32. 3. Crónán. *Páiste a bheadh ag ~ dhó fhéin* 20. *Ag ~ ag gabháil fhoimn* 32.

gruth gruth. Deoch áirithe a thugtaí do pháistí 20.

guagach aid. Corraithe. *Bhí sí [farrage] ~* 32. *Curach ghuagach* 20.

guagadh a. br. Ag guairdeall (leis an bhfarrage) 20. *Tá an áit sin [stupóig] ag ~* 19. *Ag ~ thíos [san fharrage]* 19.

guailleáil : **dualáil.**

guaire f. Cnocán ard gainimh thuas ar áit thirim. *Tá dhá ghuaire i Muinis* 19. *Chuir mé fhéin carraigín suas ar an n~* 19.

guais : **duais.**

gualainn. 1. *Bhí fear maith ar a ghualainn* 20, . . . ag tacaíocht leis. *Faraor géar nach raibh tú ar mo ghualainn nuair a tháinig an troid orm* 20. *Ní fhéadfá súil ar ghualainn a chéile air* 27.1305, ní . . . gualainn ar ghualainn . . . 2. ~ *an chapaill* 20. 3. *Bhuail mé buille ón n~ air* 20, chroch mé mo ghualainn á bhualadh. 4. *Níl aon 'time' ann ar ghualainn mar a bhí an uair sin* 19, . . . le hais mar a bhí . . . 5. *Tá ~ ard sa ngarraí sin* 20, tá cnocán ard . . . ~ *an chlaí*, cuid ard den chlaí. *Tá cloch tite ag an n~* 19. 6. *Guail na láí* 20, na giotaí iarainn atá fillte isteach ar an bhfeac. *Ffr. dual.*

gug f. Gog, smid. *An ~ fhéin níor tháinig as a bpuis* 20. *Níl ~ sa teach* 20. *Ní chloisim ~ ar bith thíos* 20.

guga b. Gogaí, ubh. ~ *bheag* 20. ~ *neam neam* 20.

gugaide. 1. *I ina suí ar a ~ poill* 20, i ina suí agus cos amháin fúithi. 2. ~ *poill* 20, (i) coinín (ina shuí ag béal a phoill); (ii) (go magúil) bean chabhrach.

gugaidín. Gogaide. *Ar a ghugaidín* 19.

gúgail b. Gogallach. *Ag ~ bhíos cearc* 20.

guicéarach a. br. Comhriachtain (gan éifeacht). *Uair agus ceathrú bhí sé ag ~ thuas ann* 31 (as amhrán).

guigin f. 1. Carnán beag móna ar dhéanamh áirithe chun í a thriomú [timpeall sé fhód ann] 20. ~ *fran-* *cach* 20, guigin a bhfuil dhá fhód in íochtar, dhá cheann anuas trasna orthu agus ceann in uachtar orthu sin. 2. Duine beag leathan 20. 3. *Rinne sé ~ dhó fhéin ann* 20, shuigh sé síos is chrap sé isteach a chosa.

guinéara f. Gunnadóir 20.

guinéarach a. br. Aimsiú air, faire air ag iarraidh é a fháil. *Bhí sé ag ~ ar rud a ghoid* 19. *Ag ~ ar bhreac a mharú* 19. *Bhí mé i bhfad ag ~ air, ach níor éirigh liom* 19.

guirín f. 1. ~ *í adhairce* 19, 20, goiríní beaga a mbeadh barr bán orthu ar éadan duine. 2. 'Gon ~ air bharr do theanga' a déaras duine amantai, 'más rud é a bhaineadh cuide gon chaint dhuít' 24. *Dhá mbeadh ~ air bharr do theanga, deoul leath a' cheart a bheach leat* 24.

gunachán f. Duine síor-ocrach 20.

gur f. 1. *Ag tabhairt ~ maith don leaba* 20, ag fanacht i bhfad ar an leaba. 2. *Fuair sé sin neart guir* 20, tá sé sin an-chríonna. *Fuair sé a dhóthain guir* 20, *id. Níor tigeadh amach sib go bhfuair sib a ndóthain guir* 20.

guraíl a. br. 1. Fuadar oibre. *Bhíodh ~ mhór air* 20. ~ *oibre* 20. *Tá sé ag ~ ansin chuile lá sa tseachtain* 20. 2. Goradh. *A ghuráil fhéin leis an tine* 20.

gurálach aid. Imntoch faoin obair, santach chuig obair 19, 20.

gúrlamán. ~ *gaorlamán* 19, an smionagar a chuireann an tarathar uaidh.

gusúil aid. Gusmhar 20.

guta. *Bhí sí [bád] ina guta* 20, bhí sí báite fiuch.

gúta. *Tá ~ tití aige le feoil* 19, tá sé éirithe an-ramhar. *Ffr. úta.*

gutáil a. br. *Ag ~ éisc* 20, ag baint astu. *Gutáilte* 20. **gutaipéirc** /,guta'perk'/. Guttapercha 20. *Ffr. fuitipeirc.*

guth f. Milleán faoi gan rud a bheadh dlite ar dhuine a dhéanamh (e.g. dul ar shochraid). *Níor tugadh ~ ar bith ort* 20, níor luadh thú, níor lochtaíodh thú faoi nach raibh tú ann (ag sochraid). *Bhí an-ghuth agam air faoi nach dtáinig sé* 19 (ag breathnú ar dhuine tinn). *Ní raibh ~ ar bith agam ort* 20, ní raibh súil ar bith agam leat ná locht ar bith agam ort faoi gan teacht.

guthánach aid. Tugtha do ghuth (q.v.) a thabhairt ar dhuine. *Dá mbeadh duine tinn is nach ngabhfadh duine eile ag breathnú air bheadh sé ~* 20. *Nach tú atá ~* 20, le duine a bheadh ag lochtú duine eile faoi nár thug sé cuairt air.

guthúil aid. Guthánach. *Bhí sí an-ghuthúil ort nuair nár labhair tú faoin duine muintireach léi a cailleadh* 19.

H

ha. Agall (= céard a deir tú?) 19.

habal. 1. Ceangal ar chosa deiridh lárach le linn di bheith ag glacadh stalach 19. 2. Bacainn, cur siar. *Sén bás a chuir ~ sa bpósadh* 24. *Bheadh muid a' baint an fhéir cheana ach tá an droch uair a' cuir ~ ionainn* 24.

had ad. Agall rabhaidh. ~ *tá an mí-ádh díonta agad!* 20.

hagáilte aid. *Tóin* ~ 19, *tóin an-mhór.*

haibhicéar f. 1. Mála mór. ~ *de mhála mór ar a dhroim* 20. 2. Buille láidir. *Bhuail mé ~ air* 20. *Dhá dtiúrfá cupla ~ maith dhó sin* 20. ~ *de dhorna* 20.

haiceáil a. br. *Ag ~ thart* 20, ag imeacht thart go díomhaoin.

haiciléara f. 'Hackler' 20. *Ffr. aiciléara.*

haiciléarach a. br. Réiteach lin le títú gairminte 20. **haidheas /hais/. Adhall.** *Tá ~ ar an mada* 19. *Faoi haidheas* 19.

haigh dic /'hai 'dik'/. Agall saghdtha troda, idir gasúir nó coileacha. ~ *seobh é mo choileachsa!* 20 - a déarfai le gasúr a bheadh ag troid.

haigh dó dóilín /'hai 'dó: 'dó:l'i:n'/. Haigh dóilín (*g.v.*).

haigh dóilín /'hai'dó:l'i:n'/. Marcaíocht ar an droim do pháiste is a dhá chois aniar ar na guaillí.

haill bál /'hal'i: 'ba:l/ f. Liathróid bheag. *Is ~ breá* / 20. *Ffr. aill.*

haillútar /'ha'l'u:tar/. Buille. *Thug sé ~ de mhaide dhó* 20. ~ *fáiméatar!* 20, buille in aghaidh an bhuille (?).

hairt f. 'Heart' (cártaí). *Bhfuil aon ~ beag a'd?* 20.

halai íol. Siotai gaoithe. ~ *gaoithe* 19. *Tá sé ag tíocht ina ~* 19. *Ní ~ gaoithe atá inniu ann* 19.

hal ná con. Sula. *Rinne sé staidéar ~ louir sí* 24 *breithe. Ffr. hol má.*

hamp f. Brí, fuinneamh. *Staic mhaith dhéanta nach raibh romhór agus gan aon ~ mór a bhí ann* 27.1145. *Bhí chuil fhear a raibh ~ a bith ann amui á mbaint* 24 *airne. Níor fhan ~ ann* 24 *dallann.*

Harai. 1. *Sháraigh tú ~ Steatail /sdatil' / na leabhar* 19, tá tú an-mheabhrach. 2. *Tá Harai ag tíocht anois* 19, tá mo dhuine a bhfuil gach eolas aige, más fíor dó féin . . .

haras íol. Buile, mire. ~ *tobac* 20, buile de thoradh easpa tobac. *'Sna ~ le niúmóiní* 19, ag rámhailtí de thoradh niúmóine.

hart : hairt.

hata f. 1. ~ *bán a chur ar dhuine, é a scrios, é a bhochtú* ar fad. *Cuire sé [an t-ól] ~ bán ort má leanann tú dhó* 24. *Beidh ~ bán air aici sula bhídheas mórán achair ann. Sin go rithfeadh sí thri na chuid agus nach bhfágach sí bonn bán aige* 27.1460. 2. *Ní féidir ~ bán a rá leis* 20, ní féidir aon rud a rá leis nach n-éireoidh sé achranach faoi. *Cé déarfai ~ bán?* 20 - a deireann gasúr ag lorg achrainn.

hata bó dingil /hata bo: ding'il'/. Ainm cluiche tór-

raimh 20.

hé b(r)í. Cibé ar bith. *Hé bí caoi atá uirthi, caithfidh tú ghoil ann* 20. *Hé brí é, tá sé in am a ghoil abhaile* 20, . . . *hé brí cén uair a thioctas* 20.

heictar /'hek'dar/. Bean achranach 20.

heidim. Creidim. ~ *go bhfuil tú ceart* 24 *pioc.*

héip. Carnán. ~ *dóibe* 20.

héipeáilte aid. bhr. ~ *suas as cionn a chéile chois an chlaidhe* 20.

héis(e) cón. Tar éis. *Fuair siad úchta, héise sin* 20. *Héis go bhfuil tú ag goil a chodladh léi gurb í do dhearg námhaid í* 20. *Tá Jude s'againne héis an Spidéil cheana* 20, . . . tar éis a bheith sa S. . . . *Héis na Gaillimhe atá mé* 19.

hibile haibile. Duine faillíoch neamhchúramach. *Bhí sé ina ~* 19. ~ *a bhí ann* 19.

híl. Claoth, leathmhaing. *Thug sé [coca féir] ~* 20, tháinig leathmhaing air.

hileáilte aid. bhr. 1. Claotha, ar leathmhaing. *Tá sé [coca féir] ~ siar* 20. 2. (Carr) scaoilte siar ar na scaftaí deiridh 20.

hileáram /hi'l'a:rəm/. Spraoi callóideach. *Bíonn an t-an-~ i gCarna chuile oíche* 19. *Níl aon mkaith in an iomarca ~* 19. *Bhí ~ an deabhail ann, bhí an iomarca óil ann* 19.

hinjil /hin'dzil'/. Ar a ~ 20, ar forbhás.

hóbaír, hobair. Dóbaír. 1. ~ *nach (nár).* (a) *Is beag nach. Hóbaír nach mbeinn mall ag an Aifreann marach gur thóg sé mé* 19. *Hóbaír nar maraíodh mé* 19. (b) *Is ar éigean a . . . Hóbaír nach dtiocfaínn* 20 [ach tháinig]. 2. (For. mar ainmní) *Le na cuid leibideacht a hobair sí an teach a dhó* 24 *leibideacht. Hobair sé fear a' bhycicle a chuir go Páirc nFhiach* 24 *sloineann.* 3. (Mar ain.) *Báú b'fhéidir is tháinig hóbaír* 20.

hóró digidí /'ho:ro: dig'i:di:/ /'ho:rə dig'i:di:/ /hauro: dig'i:di'/. Bhí sé sna ~ aréir nuair . . . 20, bhí sé an-deireanach . . .

hoib. Hob. *Bhí sé ar ~ imeacht* 20. *Thug sé ~ ar éirí* 20. *Bhí ~ ann agus ~ as aige* 20, bhí sé idir dhá chomhairle faoi dhul ann. (*Hob freisin* 20).

hoips /'hep'i'/. Agall díchreidimh i gcaint duine nó drochmheasa uirthi, nó agall ar ionann é agus *baol orm!* 20.

holcam halcam. Fuadar chun oibre. *Bhí an oiread ~ air* 19. *Bhí an iomarca ~ ort* 19.

horra harra. ~ *na bróige* - ainm cluiche tórraimh ar nós 'pass the slipper' 24. *Sé ~ na bróige a chuireadh tús leis a' spraoi. Mála fighte fuaite casta air a chéile . . . [mar 'bhróig']* 24 *fromso.*

horú. 1. Agall ag tiomáint caoire 20. 2. (*ain.*) *An gcuirfidh tú ~ suas iontab* 20, an dtiomáinfeá go maith suas iad.

húcaera f. Púcán, bád mór seoil 20.

hubairle habairle. Rinne sé ~ *dhe* 19, rinne sé praiseach dhe.

huga. *Huga leat* 19, oibrigh leat, lean ort. *Huga leat go bhfeicfidh tú* 19. *Ffr. fuga.*

hula, hulú. 1. Agall ag díbirt ainmhí nó duine. *Ní chuir mé hulla ná sceiteóg ann [i ngirria] 24 bac. Chuir mé hulla hulla ina thóin, baineadh léim ó chroí as ag íteacht 27.1369. . . nuair a chuireadh fear a' gharraí hulú in a dtóin 24 bhfalaf bheaga. 2. De -, de sciotán. D'eire ceann go na caoire go hulla . . . 24. 3. Hula! Hula! agall ag saghdadh madraí chun troda 20.*

hump. ~ ná hamp, fuinneamh, brí. *Ní raibh ~ ná hamp ionam 24 Níl ~ ná hamp ann 20. Ffr. hamp thuas.*

hup. ~ ná hap 20, hump ná hamp.

hurá. Gairdeas. *B'íontach an hurrá a bhí ann a' t-am a' raibh a' cleamhnas dá dhéanamh le Liam 27.923.*

húrla. Gan ~ ná (gan) hárla, gan dada. *Bhí an siriam gan thúrla gan thárla ach a ghoil abhaile mar tháinig sé 27.1234 . . . go mb'fhéidir go mbeinn gan thúrla gan thárla ansin 27.1398. Tá sé gan thúrla gan thárla 'nois ach a mhéir in a bhéal aige . . . 24 méir.*

hurú speidhl. Agall a bhíodh á rá le linn damhsa an 'rubairín' 20.

husá : fusá, fusaf.

I

i réamh. 1. ~ + aid, sheal. Mar. *Bhfuil aon rath in do mharcach ort? 20. Meas tú bhfuil aon mhaith ina dhochtúir leis? 20. Níor chuala mé in Éirinn é ina fhocal 20. Tá an fheoil an-mholta 'na beatha 24 feoil. Chuaigh mise 'mo cheathrú duine á hiompar 19. Ní raibh aon áilleacht ann ach iad ina gcaointeoirí 19. Marach a fheabhas ina fhear, ní dhéanfadh sé é 20. 2. Bhí an-spóirt aige iontab 19, bhain sé an-spraoi astu. An raibh tú buaiteach ann? 20, ar ghnóthaigh tú air [beithíoch a díoladh]. 3. Is beag a' suim aig go leór an miona thóirt sa mbréug . . . 24 mionna. 4. Bhuail sén [ina] fhaitíos é go dtuicadh mada hart 24 leiceann. 5. Sa bhFómhar a bhí ann 19. Insan Earrach bhí ann 20. 6. (Le áit) Chas fear dhó sa mbóithrín 20. Ní bheanódh sé i mbóthar ná i mbealach dó 20. Imigh in do bhealach! 20. 7. Cé atá agam ann chor ar bith? 20 - déarfá le duine nach n-aithneofá.*

iad for. 1. *Chuala mé ~ ag rá go bhfuair sé deich bpunt fhichead 20, chuala mé daoine ag rá . . . 2. Agus ~, agus daoine eile. D'airrinn m'athair agus ~ a' cuir síos air Mhicéil go mínic 27.291.*

iall b. *Dá gcathá ialacha do bhróg ní uaitheá aon fhear bu tigeanaí ná é 24, dá síúlfa i bhfad is i ngearr . . . Níor fágadh ~ le chéile dhó 20, stróiceadh ó chéile é. Níl ~ beo ionam 20, tá mé spíonta tugtha. Sin é an uair a bheitheá a' brise na n-iall agus a' cangailt na ceirte, . . . le buille leat féin 24 angar.*

iamh f. Stad. *Ní dheacha ~ ná éisteacht air ach ag caint 19, níor stop sé ach ag caint. Ní ra éamh air na páistí ach a' dousa beag sa linn 24 linn.*

iarrann f. 1. *'Ghéarrain iarran fuar', a deir sé, 'leis an ocras atá orm' 24 amplach. Cheapfa go leáfadh sé ~ an uair sin 20, bhí an-ocras air. 2. An t-~ cinn 20, iarainn i seol an fhíodóra leis an raicín a fhosú. ~ rásála 19, uirlis le rásáil a chur i gcrú capaill. An t-~ stiúrach 19, gró iarainn sa stiúir. An t-~ feire 19, an t-iarann lena gcuirtear feire ar bhairille. 3. . . nó gur thosa an t'iarann g'éirigh te ceart 27.862. . . an t-achrann ag éirí dian. An t-am a ra an t-iarann te sa tír fadó . . . 24 ritheann. 4. An t-~ a chur i nduine 20, dochar a dhéanamh dó d'aon-turas. 5. Níl cloch buailte an iarainn go dtiocfaidh*

tú go dtí é 19, tá cosán réidh ann . . .

iargúil aid. Iargúlta. *Áit ~ 20.*

iarguis b. Saibhreas. ~ mhór 20.

iargúlta aid. Cuthail. *Tá sé ~, ní théann sé in aon áit 19.*

iarláil a. br. Corraí le míshocracht. *Marab ort atá an ~! 20. Ag ~ i dteach an phobail 20. Bheadh sí [capall] ag ~ 20.*

iarmhaois b. Iarmhais, saibhreas, sealbhas. *Bhí ~ mhór aige 20. (Iarmhais freisin 20).*

iarracht b. 1. Buille. *Leacach sé capall an ~ a thairn sé air 24. Rinne sé [carr] brúscán gon chár leis an ~ hug sé dhó 24. 2. Tá ~ mhaith air 20, tá cuid mhaith de déanta.*

iarraidh b. 1. ~ dhuit is gan fáil 19 - le duine a d'iarrfadh rud ach nach bhfaighfeadh é (ainneoin é a bheith ag an t-~ n-iarrfadh sé air é). *Má cailleadh do mháthair d'fhág sí ~ do chodach agat 20 - le duine a bheadh teann ag iarratas. 2. Thug sé leis an lál gan ~ gan achainí 19. Thug sé dhom é gan ~ gan achainí 19. 3. ~ poitín a dhéanamh 20, 'ríth' poitín. 4. Buille. ~ mhór de mhaide 20. ~ mharfach 20. Chuirfeadh sé an bás thríd an gceol aici leis na hiarrantaí thugadh sé di 20. Tiúrfaidh mé ~ na speirthe dhuit! 19. . . buille a speirfeas thú. 5. Iarrantaí, bolgaim chainte, saíteáin chainte. *Bhí an-iarrantaí ag an scoláire bocht 19. Ag caitheamh iarrantaí chug duine 19, ag caitheamh saíteán chug duine. Iarrantaí móra seanchainteannaí 19. 6. Ar ~, básaithe. Thóinic sé [sagart] nuair a bhí sé [duine tinn] ar ~ 24A. Sí an fhaill a dlonú . . . gan a' dochtúr a thóirt in am aige a d'fhág air ~ é 24.**

iarrann. 1. *Tá sé mar a d'iarrfadh sé anois 20, tá gach rud ar a mhian anois aige. 2. Tá sé ag iarraidh, is maith leis, teastaíonn uaidh. Bhfuil tú ag ~ an páipéar a fheiceáil? 20. Níl siad ag iarraidh iad a thabhairt do chuille dhuine 20. B'fhrusta breac a thóigeáil uaidh, ní iarrfadh sé [báille] thú a fheiceáil 20. Ní iarrfadh sé aon bhróg a chur air 19, níor mhaith leis, ní theastóidh uaidh . . . Ní iarrfadh mé cóta ar bith 20, ní theastóidh cóta ar bith uaim [ag dul amach]. Ní mórán de bhinn iarrfas sé [teach nua] 20, ní mórán de bhinn is gá a dhéanamh. 3. Ná bí ag iarraidh bheith ar an*

gCeathrúin Rua go mbeidh an loch caite agat 20, ná bí ag súil le bheith . . . 4. Ag iarraidh ballach 20, ag iascach ballach.

iarratas f. Cuireadh. *Bhfuair tú ~ chun na bainse? 19.*

iarthrá b. Díthrá. *Ná raibh tú beo ar ~! 19 - eascaine.*

iasacht b. B'fhéidir gur ar ~ a chuaigh sé 19 - a déarfai le rud a chaillfí. (Ar iasacht ag na síogaí a bheadh i gceist). *Ní raibh aige scaitheamh maith dá shaol ach a ~ anama 19, bhí sé i gcontúirt bháis (ó shaigneidiúirí Shasana) tamall maith dá shaol.*

iasc f. Bia an éisc. *Tá an-~ ar an roc 20. Tá ~ a' bhric air leith le níthe 24 breac. Shf. Corr-uair mharódh Páidín ~ 32, corruair a d'éireodh rud maith le duine.*

iascach f. agus b. Traochadh éisc a bheadh ar an duán. *Bhí muid dhá ~ ar fea trí huair a chloig 20. Ag tabhairt ~ dó 20, id.*

iascán f. ~ dearg 19, iascán áirithe (dath dearg ar a ghiall is a dhroim, é deas le níthe, é le fáil faoi chlocha).

iata aid. bhr. 1. Lán le bia. *Bhí muid ~ ceart a' goil amach 27.936. 2. Duine ~ 20, duine an-ramhar. Tá sé ~ le feoil 19. 3. Dúinte. Shf. Déanann ceann ciallmhar béal ~ 20.*

idionn. ~ ar, tugann íde béil dó. Bhí sé ag ídiú air 20.

ileog b. Eireog. *Ar thosaí na h-illeogaí a' breith fos agat? 24 beireann. Bhí ubh ileoige agum le mo dhinéar 24.*

im f. A' cuir im air a gcuid 'ráin héin atá siad 24, ag tochras ar a gceirtlín féin atá siad. *Chuile bhean dá raibh a' téacht chuici g'iarradh bhe a cuir im air a gcuid arán féin 27.924.*

imeacht f. 1. Deis, slí imeachta. *Níl aon ~ ag an uisce 20. Bheadh an t-~ soir acub 20, bheadh slí dóibh imeacht soir. 2. Ar ~, as. Ar ~ céad nó dhá chéad acub 20, as céad nó . . . 3. Ar an ~, 'ag imeacht ann'. Ní ra aon fhear air an ~ bhí in an a' léim liginn a chatha go maith leis 24. Ba é Tim a' fear ab fheárr a raibh góltas talún air an ~ aige 27.1089.*

imeartas f. Cleasaíocht. *Fear a bheadh ag ~ ort 20.*

imhriocht /i:vr'iox/ aid. Imníoch 32. Ffr. imníoch.

imíonn. 1. Go n-imí na fataí breaca leob! 20. *Go n-imí an sioc is an sneachta leob is lobhadh na bhfataí breaca leob! 20 - focal a déarfai dá ndéarfai 'Tá siad imithe' nó a leithéid, le daoine nach mbeadh aon chaitheamh ina ndiaidh. Nár imí uainn ach é! 20 - le duine ar chúis áthais a imeacht. 2. Nach é atá in ann imeacht! 20, nach é atá cliste ag obair ar a shon féin. 3. D'imigh thart 20, d'imigh tréimhse ama thart . . . 4. D'imigh fiacaíl uaim 20, thit fiacaíl amach orm. 5. Tarlaíonn. Imíonn rudaí de réir nádúir 19. 6. ~ amach. (a) Éiríonn seasc ó thaobh bainne. Na beithigh ag imeacht amach 20. Níl a fhios cáide an bithiúnach sin [bó] imithe amach 20. (b) Téann ó shliocht. Tá an tseamair aig Conaill Ph. Bh. nó imeódh siad amach . . . 27.312, . . . nó ní bheidh aon sliocht*

orthu. 7. ~ le, tá ó dhúchas i. Bhí an fonn ag imeacht leis na Búrcaigh 19. 8. ~, ceannaítear. Ar imigh aon fhata inniu? 20, ar ceannaíodh . . . D'imigh chúig mhála uaim 20. Níor imigh tada [de] mhóna anura 20. 9. Go n-imí, go gcaítear. Tá an scoil dúintí go n-imí an Soura 24 scoil. Beidh an Coláiste dúinte go n-imí an Samhra ríst 24 coláiste. 10. (a) D'ime an clampar air an údar tá aig daoine . . . 24, is iontach go deo an t-údar . . . (b) D'imigh an mí-adh mór air 20, bhí sé an-mhí-ádh-sach. D'imigh an deabhal air 20, bhí an 'deabhal' air. 11. (É) ag imeacht, á iompar féin. Ag ~ cam 20. 12. (a) Ag imeacht, ag dul thart, ann. Na mílte sionnach atá ansin ag imeacht 20. (b) Bhí daoine ag imeacht aréir! 20, bhí daoine ag dul thart ag iarraidh cleamhnais a dhéanamh. 13. Tá sé an-imithe faoina chuid éadaigh 20, éirithe beag tanaí . . . 14. Sé an chaoi ar imigh sí leis 20, is é an chaoi ar phós sí é gan aon chleamhnas a dhéanamh.

imirt b. *As deireadh na himeartha ní raibh mórán dá bharr aige 20, faoi dheireadh thiar . . .*

imleacán f. *Tá ~ an acir briste 19, a déarfai dá gcaithfeadh sé cupla lá baistí i ndiaidh a chéile.*

imní /i:mr'i:/ b. ~ do. Níl aon chall ~ dúinn dó 19, . . . go dtarlódh rud éigin dó. Ní bheadh ~ ar bith a'm dó 19.

imníoch /i:mr'iox/ aid. ~ dó 19, imníoch go dtarlódh rud éigin dó.

imníteach /i:mr'i:t'ox/ aid. Imníoch 20.

imre /i:mr'ə/. Tá seisear in imre 32, 20, in aois fir is mná.

in- /ən/, /ən/ réim. Béim ar an mír a leanann in-.

inbhainte aid. I riocht gur féidir é a bhaint 20.

inbhearrtha aid. Níl tú ~ inniu 19, tá tú an-chantalach inniu.

inbhreathnaithe aid. 1. Feistithe sách maith le go bhfeicfí go poiblí é. *Níl mé ~ 20. 2. Inchaideartha. Níl sé ~ inniu 20, ní féidir drannadh leis, tá sé chomh cantalach sin.*

inbhinn /in'in'/. Sé intleacht na h-inne (sic) rinne fear dhó 24. Galra na hininne 19, galar éigin a dhallann beithíoch.

inchiante. (a) Níl sé ~ air é a dhéanamh 19, ní chinneadh air, tá sé in ann . . . (b) Ní raibh coisí ar bith ~ air 19, ní raibh coisí ar bith in ann cinniúint air.

inchúnta aid. 1. I riocht (in aois) cúnamh a thabhairt. *Tá a mhac ~ dhó anois 20. (Inchúntach freisin 20).*

indealóip. 'Envelope' 19.

in-ionsaithe aid. 1. In-mhargála. *Ní raibh na bainbh ~ inniu 20, bhíodar chomh daor sin nach bhféadfai 'dul in aice leo'. Bhí siad ~ go maith 20, bhíodar saor go maith. 2. Níl an lá ~ le ghoil in áit a' bith 20, ní an lá inniúlta (q.v.) . . .*

inlaimhsithe /ən'laimʃi:/ /ən'lamʃi:/ aid. I riocht a láimhsithe. Níl sí [feamainn] ~ 20.

innhe : imre.

inné. . . go dteaga an lá inné ar ais 19, go brách.

inniúlta. 1. (Leis an aimsir) *Níl sé ~ ag críostal a ghoil amach 20, ní féidir dul amach, tá an aimsir*

chomh dona sin. 2. Níl sé ~ ag fear ar bith é a dhéanamh 20, níl sé indéanta ag . . . 3. Rud nach bhfuil ~ a rá 20, rud nach bhfuil oiriúnach a rá. Seans nach raibh sé ~ fiafraí dhó . . . 20, ní raibh sé oiriúnach ná indéanta . . . Ní raibh sé ~ mórán ceisteanna a chur orthab 20. (Inneolta freisin 20).

inoibre. Tá an lá ~ 20, tá an lá sách maith le gur féidir obair a dhéanamh (amuigh).

insean a. br. Insint. Ag ~ 19. (Inseacht is coitianta 20, etc.)

inseolta : inniúlta.

inteaclacs /'in'ta,klaks/. Chuaigh sé go h~, 20, chuaigh sé i mbá [sa bportach] go domhain. Cuirfidh mé an bhróg go h~ ionad! 20, . . . go feirc.

intinn b. 1. Ag léamh ina h~ fhéin 19, ag léamh ach gan na focail a rá. . . a deirimse i m'~ fhéin 20. 2. Bhí mé ag goil thrí m'~ 19, bhí mé ag machnamh dom féin, ag iarraidh teacht ar chomhairle. Sin é a thóg sé ina ~ 20, sin é a bheartaigh sé, a cheap sé. 3. Rinneadar ~ eile 20, shocraigh siad ar chomhairle eile. Chuir meitheal fear as a' mbaile a n~ le chéile a ghoil i nGaille ag an Easbog 24 scéalaíocht, . . . a gcomhairle le chéile agus shocraigh siad a ghoil. 4. Meanma mhisiúil aerach shochorraithe chun feirge. Bean mhór láidir a bhí innte agus a sá mhór ~ aici 27.1145. Tá ~ mhór aici [capall] 20, tá sí beo fiáin. Tá ~ the aige 20, tá sé teasaí.

intinniúl aid. Beo teasaí. Capall ~ 24A, 20.

intreach b. Intleacht 20. (Intleacht freisin 20).

intriocht b. Intleacht 20. Bhí ~ mhaith aige 19.

intruist, intrust aid. Iontaofa. Níl sé intrust 24.

Introist 32. Meastú bhfuil a' páirtí sin an-mhór an truist cor a bich? 24 páirtí.

intsúil aid. I riocht gur féidir é a thaisteal. Níl an bóthar sin ~ ag tada 19.

iocaíocht b. Ábhar brabúis. 1. Meas tú an ~ mhaith iad na gliomaigh? 20. 2. ~ Chromaill, iocaíocht ar obair gan mhaith nó obair neamhriachtanach. Nach é atá ag fáil ~ Chromaill 19. (D'ioc C. daoine as bearradh, scóladh is feannadh coirp, de réir an scéil).

íocann. 1. Díolann as. Nuair a d'íoc sé na bróga leis 20. Bhí mada aige is ní raibh sé íoctha aige 20. 2. Tá sé sin níos íoctha 20, tá brabach níos fearr á fháil aige sin.

íochtar f. ~ na haibhne 19, bun na habhann. Tá ~ a bhronn briste 19, tá maidhm seicne air. Seachain ~ do bhoilg! 20 - seachain a n-éireodh maidhm seicne dhuit (le fear a bheadh ag crochadh meáchain).

íoghtar /'igwr/. So-ghortaithe, so-chorraithe 20. Tá tú ~! 32.

íolacan a. br. Tionlacan. Fua gas a ra ann dhá n-íolacan go dtí na báid 24 saor báid. ~ na n-óinseach 19. Ag ~ a bhean phósta 19.

íolrach f. Iolar 19.

iomada b. Go leor, iomad. Ní raibh ~ mhór daoine ann 20. Bhí ~ na dtithe ann 20. Deabhal ~ fataí ar bith againn 19. Deabhal ~ focal Béarla a bhí

aige seo 19.

iomái. ~ sin, iomaí. Is ~ sin fear ariamh a chaill a shláinte mar gheall ar dhrochlá 20. Is ~ sin duine nach mbacfaidh leis 20.

iomarca b. Barraíocht. Tá beagán san ~ a'd ann 20, tá an iomarca de bheagán . . .

iompraíonn b. (Le éadach, bróg) Caitheann. Ní raibh siad in ann aon bhróg a iompar 20. Níl tú ag iompar mórán éadaigh 20. 2. Beithíoch nach bhfuil iompar a chraicinn ann 20, . . . atá an-lag.

íompú. 1. Bhí an rud ráite aici le ~ do shuíl tharad 19, . . . i bpreabhadh na súl. 2. Tá sé ar ~ bisigh 20, tá sé [othar] tosaithé ag feabhsú. 3. Tá sí go maith ag ~ súl 20, ag íompú cláibín na súile le dúradán a bhaint aisti. 4. Éiríonn aibí, athraíonn dath. Ó thosaíonn a' t-arúir ag íompú sa bFhómhar ní aireá go mbeidh sé le baint 24 arúir. 5. Feileann ~ a bhaint an dochtúir 20, . . . suathadh a bhaint . . . [le go gcuirfí feabhas orthu]. 6. Thuas faoin dara hiompú 20, thuas faoin dara filleadh ar chlaibín na súile.

íomramh. 1. Curachán a raibh ~ céad uirthi 20, . . . áit do chéad iomróirí uirthi (i seanscéal). 2. Shf. ~, orlaíocht agus a' tomhais na talún le do dhorna 20 (- na trí obair is cruai).

íondramháil b. Cén sórt ~ a bhí air? 19, cén sórt útamáil oibre a bhí air.

íonga b. 1. Throidfeadh sé le ingníochaí a chos anois 19, tá an fhearg is fonn troda air. 2. Gitín beag. Gan an fhirinne a chur oiread is ~ as a riocht 20. Níor tháinig ~ ná orlach le fada air 20, níor fhás sé dada le fada. Tabhair dhom oiread is tá dubh de t ~ 20. Dhá dtíocfaidh sé [carr] dubh na hiongan níos gaire dhó, bhí sé aige 20. 3. Giota beag crochta ar thosach crú capaill 19. 4. Gob an tarathair. Tá an ~ caite 20.

íongabháil b. 1. Corraí ghiongach, útamáil. 'Céardas iongmháil atá ort' a deir sé leis a' bhfear ina deire, 'nach bhfanann tú socair' 27.178. 2. Aistriú go stuama. Is mór an obair ag iongmháil na saileanaí móra sin isteach 's amach ar shoithí 24 sail.

íongóidín b. ~ tobac 20, písin beag tobac.

íonlao /i:nli:/. Ní aistir bó ~ é 19, ní aistear mór é.

íonlaos /i:nli:s/ f. 1. Baineadh ~ aisti 20, chaill sí an lao. Tá sí gan ~ gan dáir, gan bainne gan bláthach 20 - le bó gan mhaith. Tá slacht an ionlaos ag teacht uirthi 20. 2. Rinne sé ~ pokaide dhó 20, . . . scéal an ghamhna bhui de. Ná bain ~ pokaide as 20, ná bí rófhada leis.

ionnas f. Teach aniar, treallús, meabhair. Le teann ~ a d'éirigh sé suas 20. Lán le ~ 20. Bhí ~ mór ann 20.

ionnasach aid. Treallúsach 20.

ionsaí f. Duine bocht atá treallúsach, misniúil. ~ mór é 20.

ionsaíonn. 1. Ionsaigh leat! 19, ar aghaidh leat! oibrigh leat! D'ionsaigh sé amach 20, amach leis go teann. 2. Tosaíonn. D'ionsaigh sí fhéin ag braman-naí 19.

iontach /i:ntæx/ aid. Níorbh iontaí liom ná cruimh

i salann thú a fheiceáil anseo 20.
iontaíonn. Cuireann (an déantóir an mámh) in uachtar an phaca ag tosú cluiche. *Céard d'iontaigh tú?* 20.
iontaofa *aid.* Inmhuiníne. *Ní raibh an aimsir ~ 20, ní fhéadfaí brath ar an aimsir.*
iontas /i:ntas/ *f.* Ag déanamh ~ an domhain mhóir de 19. *Bhí ~ aige nach bhfaca sé é 20. Ní fhaca mé aon ~ ariamh ach é 20, ní heol dom . . . (ní gá gur rud le feiceáil é). Ab ~ atá a'd ann?* 20, an iontas atá ort faoi?
iontú *f.* 1. *Bainfear ~ astab fós 20, bainfear as a gcleachtadh fós iad. 2. Níor chuir sé ~ an fhocail air 20, níor inis sé aon bhréag ina thaobh.*
iontúil /i:ntu:l/ *aid.* Iontach. *D'fhéach sé ~ dhaof 27.116. . . . a' gléas a bhí orthu aisteach iontúil ina suíle 27.491.*
ionú *f.* 1. *Achar slí Tá an t-~ an-fhada air choisí ghoil ann 24. Nach gérr a' bheach cár a' díona an ~ sin 24. 2. ~ míosa a thabhairt dhom 31, spás, cairde míosa . . .*
iorla' Cruachás guaismhear. *'San ~ a bhfuil mé' deir a' fear 'ná déan níos measa mé' 24 naomh. . . . ar fhaitíos gur an ~ eicint a bhí siad 24 fóidín mearbhaill.*
iorla' *b.* 24, **iorlach** 20. **Iolar.**
íorthann /i:ørən/ *f.* Cineál áirithe féir, feorainn. *Féirín íorthainn 20. An t-~ 20, purple moor-grass (?)*
ioscaid *b.* 'Aireó t'ioscoid rud eicint'. *Sin é an fuagra a d'fhách fear a' rainse fadó mara dtugach sé suas a' tala. Sin le rá go woeh sé grán san ioscoid 24 bailíonn. Fjr. cos.*
ioscóid *b.* Neascóid. *Nuair a haganns na hioscóideachaí sin air 24 neascóid. Tá ea is cáin' air ~ 24 borraphéist.*
iospaire *b.* Scrios, creachadh. *Déanfaid siad ~ in Éirinn 20. Rinne siad an-~ 20.*
íoth *b.* 1. Cnap crua a thagann in úth na bó de bharr tinnis tar éis beirthe. *A' méadú tá an oi in a húth an áit a bhe loedu 24. Is gérr le leac-chloiche an oi tá inntí 24. Tá ~ ina húth 20. 2. Sórt goiríní dearga teo ar chraiceann duine, 'hives' 19. 3. ~ chroí ort! 20 - eascaine.*
is' cón. *Is (nó agus) breise. 1. (Le fochlálal ama) An dá lá's bheas tú beo 20. An dá luath's tháinic sé isteach 20. Ar an bpointe's bhí mé réidh 20. An t-achar is mhairfeas mé 19. An nóiméad is a bhí sé curtha 31. 2. (Le fochlálal cúise) Bhí sé oibrithe faoi's go rabhadar ag gleo 20. Ní raibh sé sásta faoi rá's gur inis mé é 20. Thál's go dtáinic sé á iarraidh anois ná eitigh é 20. 3. (Sa bhfoclálal iarmhairte) Bhí an saol ag goil chomh crua air is go mb'éigean dó an tseanbó a thiomáilt . . . 20. Chomh hóltach is nach n-aithneodh sé thú . . . 20. Mara raibh oiread foghlaim ortsa is go raibh tú in ann do shlí bheatha a bhaint aisti 20. 4. (Roimh fhochlálal nó fhrása ainmneach) Tíurfaidh sé cndimh le crineadh dhó is an tír sin a choisint 20. Nach mór an deabhal a bhí air agus é a dhíonamh 20. Bhí an t-ádh ort is go ra tú istí ó'n múr 24 ádh. 5. (I*

ndiaidh intriachta) *Ar son Dé is inis dhom é 20. Doir brí bhfuil de leabhair in Éirinn is chuirfeadh sé uafás ort 20. 6. (I ndiaidh ainm teibi) Bhí iontas orm a fheabhas is bhí an Ghaeilge aige 20. 7. (I ndiaidh nó) Bíodh nó's ná bíodh 24 cúr. Níl a fhios agam a bhfuil sé briste nó's nach bhfuil 24 nós. Níl a fhios agam an ólann nó's mara n-ólann 20. 8. (I ndiaidh gach) Bhain sé dhó gach's a raibh d'airgead aige 20, . . . gach's a bhfuil ann agaibh 20.*

is' cop. (Leis an mbr. saor feicthea(s)) *Is mór is feicthea don díomhaontas 32. Is mór is feictheas dhó 20.*

isín *b.* Leannán mná, cúirtéireacht; pit. *Nach maig a chaitheadh a mháthair amach mar gheall ar an ~ 20. Tá an-tóir aige ar an ~ 20. Ag plé leis an ~ 20.*

isle *b.* *Tá mé san ~ bhri a'd 20, tá mé lag de do bharr. Chuir sé san ~ bhri é fhéin 20.*

íslíonn. 1. Téann ar na glúine. *Bhí an pobal ag istíú nuair hainic mé isteach 24. Ísligh síos agus abair paidir 24. 2. Ní raibh sé ag íslíú chor ar bih dhó 20, ní raibh sé ag éirí as a bheith 'ag dul air', ag magadh faoi is ag baint brabhaig de.*

íslíú *f.* 'Stáisiún' ag tobar beannaithe ag a dtéann duine ar a ghlúine ag rá paidre 19.

isteach *dobh.* 1. *Ag goil ~ go hÁrainn 20. ~ go Muinis 19. 2. ~ is amach le, timpeall. ~ is amach le céad bliain 20. 3. Congarach don chladach. Níl aon lá le seachtain nach raibh dalladh éisc ~ 20. 4. Shuítodar ~ ag a mbricfásta 20. Gabh ~ aige 19, suigh isteach chuig an mbord. 5. ~ is amach, ag dul taobh amach is ag teacht isteach. Bhíonn sé ~ is amach 20 - le duine tinn nó seandúine nach mbeadh ag obair ach ag corraí amach anois is arís. Chuir sé dhó é [tinneas] ~ is amach 20. 6. Fear as baile ~ 20, . . . as baile eile (a tháinig isteach). Duine thar tír ~ 20, . . . as tír eile. 7. Má thagann sé taobh ~ dhó . . . 20, má théann sé idir é agus an rud atá uaidh, má fhaigheann sé an rud roimhe. 8. In ionú beirthe. . . . bhí an dá bhó tá agum le bhe ~ i gcuideachta . . . 24 cuideachta.*

istigh *dobh.* 1. ~ agus amuigh, an teach agus an talamh agus an sealúchas ar fad. *'Nach shé fear an ádh mhóir é', deir chuile dhuine, nuair a chonaic siad istí agus amui fágai aige san úchta 24 ádh . . . Is aici a dhfág sí 'istí agus amui' mar deireann siad 27.610. Thíurfaínn a bhfuil ~ is amuigh agam air 20. 2. In oileán. Nach maith nach ~ a bhí sib! 19, nach . . . i gCruaich na Cara . . . Bhí sé in Árainn ~ go minic 20. 3. Tá bainbh ~ aríst aige 20, tá bainbh á dtógáil aríst aige. 4. Tá sé ~ le, tá i ndán dó. Tá tú istí le seal fada go theasúch 24 gealann. Tá tú ~ le droch-aimsir 19. 5. Tagtha isteach, tarlaithé. Tá an targaireacht ~ 20. 6. Cáilithe is ag obair. Tá sé ~ ina atornae 20. 7. Coinnigh ~ é! 20, déan rún air.*

itheann. 1. *D'íofsaídis an tuí as an tsraithair 20. D'íofsaídh sé an mháilóid, . . . split /sbl'it/, 20, . . . an chloch fhaobhair 19, . . . an sciataí 20, d'íofsaídh siad (sé) rud ar bith. 'Ithe ámh is árainn ar a mboilg leis' a deir sí 27.1434 (le buachaillí a*

ghoid a cáca). *Deirtear 'ithe is liobair air do bholg leis' freisin 27.1435. Ithe is aithis ort!* 19, le bó a d'íofadh rud nár cheart di, le duine a bheadh ag síorshlogadh (*oidhe is . . . , ó cheart; > ithe de bharr 'sanasaíocht na ndaoine'*). 2. Cránn. . . agus a' t-angar go t'ithe faoi nár thóig tú leis a lá breá f' 24 angar. 3. (Le íde béil) (a) Réis a' chaoi a rabh sí ag ithe an phus as, níor arda sé a cheann ar a bhfad sin 24. D'ith mé an dá chluais dhó 20, thug mé an-íde dó. D'ith mé an t-éadan dhó 20, id. (b)

Bhí sé ag ithe na dtithe gloine 20, bhí sé á lochtú go mór. 4. Cosa a threabhairs a bheith ite go dtí na glúine 20, . . . a bheith caite . . . 5. Sin í an bád atá ag ithe na gaoithe 19, . . . ag fáil na gaoithe go breá.

iúid *for. tais.* Úd. *Ab iúid é /ə 'b'u:d 'e:/ 20.*

iúin. 1. *In ~, in ordú. Bhfuil sé in ~ aríst agad? 20.*

2. *Dhá mbeinn in ~ 20, dá mbeinn i nglúmar.*

iúl. *Cuireadh in ~ dó é a dhéanamh 20, cuireadh iallach air é a dhéanamh.*

J

jabáil *a. br.* Déanamh jabanna beaga. *Ag ~ oibre 20.*

jaic. 1. Portán fireann 19. 2. Asal coillte 19. 3. *Is é ~ an fear cearta a chuaigh ag ól 19* – focal a déarfai nuair a thógfadh an cuileata cúig. 4. ~ *jiúraí*, iasc atá cosúil leis an leith 19.

jaicéad *f.* Seaicéad. *Ábhar jaicéid 20. ~ sciorta 20.*

jaicín *f.* 1. Ceannaí siúil. *Jaicíní tae 19.* 2. Tine ghealáin, 'Jack O' the Latern' 19.

jaicinteacht *a. br.* 1. Troid gan údar 19. 2. Diúltú d'obair. *Ag ~ oibre 19. (Caiple) Ag ~ 19, ag déanamh staic.*

jaidhbeáil *a. br.* 'Gybe'. *Ag ~ 19.*

jaint /dʒan't/ *f.* 1. Carr cliathánach 20. 2. Marcaíocht. *Tabhair dhom ~ 20 (ar rothar, etc.).*

jár *f.* Soitheach stáin le haghaidh ola. ~ *na hola 20.*

jeicsean. 'Injection'. *Ag tabhairt jeicseanachaf dhí 19.*

jeifearaí *f.* 1. Duine beag 20. ~ *beag é 20. 2. Gamhainín beag 20.*

jibín *f.* Gitín beag talúna. *Cuirfidh muid an ~ seo anois 19. ~ beag talúna 19.*

jigear *f.* An 'tae beag' sa ngarraí. *Ar ól tú an ~ fós? 20. Tá an jigirín ag goil amach sa ngarraí 20.*

Joe Rat. *Chaitheadh sé airgead Joe Rat 20, chaitheadh sé go leor airgid.*

yorcaí *f.* Duine beag 20.

jug *f.* *Gob a' juig 19. Juigín 19. Sfh. ~ mór fada agus bainne i bhfad síos ann 20.*

júidí /dʒu:di:/ *b. ~ fhada 31, corr riasc.*

julc. Léim thobann. *Chuaigh sé de ~ síos sa bpoll 20. Thug sé ~ síos sa bhfarraige 20.*

julcaíl. Léimneach go tobann, tomadh. ~ *an fear amach ina dhiaidh dhá shábháilt 20. ~ sé thar an bpoll 20. Bhí an rón ag imeacht ag ~ 20, ag tomadh is ag éirí.*

júlaighe /dʒu: 'lai/. 'July'. (Leis an alt) *Mí an ~ 20. Grian an ~ 20. Amach sa ~ 19.*

Jún. 'June'. (Leis an alt) *Sa ~ 19. I lár a' Júin 19.*

L

lá. 1. (Féilte áirithe). ~ *chinn 10, lá chinn an dá lá dhéag. ~ chrosta na bliana 20, 28ú Nollaig. ~ an Tobair 20, lá Fhéile Cholm Cille, 9ú Meitheamh. ~ an tSagairt, an lá a mbíodh na sagairt ag éisteacht faoistine i dteach. Bu dhé ~ an tsagairt air a' mbaile é 24 ábhar. ~ Eoin 19, 27ú Nollaig. An lá a bhfuil Oíche Nollag air 19, 24ú Nollaig. ~ na bhFear, lá Fhéile Pádraig. Ó bhíonnas ~ na bhfear (~ Fhéil Páruic) caití tá sé in am bhe a' corraí suas chuile choinneach 24 corraíonn. Atá ~ na bhFear a' brú linn 27.1475. 2. (Le lá deiridh an domhain). *Go ~ sligín a' sleo / . . . / 20, go brách. Go ~ speirthe na gcúit 20, id. Go ~ sleibhín a' sleo 20, id. Dhiún blas a dhéanfas sé go ~ Breithe Dé 19, . . . go lá an bhreithiúnais. 3. An ~ bán. (a) Chomh tráthúil leis a' ~ bán 27.664, an-tráthúil. (b) Níl a leithide faoin ~ bán 20, . . . ar an saol. 4. Tréimhse. . . ach bhí a ~ bh'fearr caite nuair a phós sí 27.565. Ní bhfuair sé aon cheó ach a' rud a chúite sé go maith leó nuair a hainic ~ an lagair orthu féin 27.397. Níl ag an gcuid is fearr acub ach ag baint ~ amach 20, . . . ag maireachtáil ó lá go**

lá. 5. Nuair a hainic a' reithe gan ~ smaointiú agus bhuaíl sén árd na bathaise mé 24 glan, gan aon smaoinemh go dtarlódh a leithéid, gan choinne. Níl ~ loicht agam air 20, níl aon locht . . . Ní dhéanfaidh sé aon ~ méid go deo 20, ní mhéadóidh sé . . . Dhiún ~ den aois ag teacht uirthi 20, níl aon chomhartha aoise ag teacht uirthi. Ní raibh sé ~ níos boichte ó d'imigh sé 20. 6. Go dteaga an ~ inné ar ais, go brách. Dhiún pósadh go dteaga an ~ inné ar ais 19. Ní dhéanfaidh tú é go dteaga an ~ inné ar ais 19. 7. An dá ~, an fad. An dá ~ a bheas mé beo aríst, ní thioctfaínn ann 20. Ní bheidh sé díonta dhá ~ do shaoil a'd 20, . . . fad is mhairfidh tú. 8. (Le treise). ~ . . . Is fada an ~ ~ ó . . . 20. Is fada an ~ ~ nach bhfaca mé é 20. 9. Ba iad beatha an lae iad 32, ba iad gnáthbhia na ndaoine iad. 10. ~ néil a bhí ann 27.123, peata lae . . . 11. ~ na fola, lá na coimhlinte móire, an lá a ndéanfar breithiúnas nó sócrú tabhachtach. Níor tháinig ~ na fola fós 19. ~ na fola a tugtaí fado air lá spóirt mhór nó ar lá elecscion M.P. i nGaille 24. 12. Lá oibre. Ba mhaith

é do ~ 20. Níor chuir mé aon ~ fataí fós 20. *Dhiúin* ~ ná loiseag a thug sé dhom 20. 13. Ní ~ go maidin é (focal ag dearbhú a bhfuil ráite roimhe). . . . mar bhfuair sé sin ceangal dlúth doen . . . ní ~ go maidin é 27.73. Mara raibh an-spraoi ann, ní ~ go maidin é 19. 14. ~ na bliana. Ní chreaso sí go ~ na bliana 24 lionrach, . . . go ceann fada. Tá mé go ~ na bliana goil siar ag a' muilleann . . . 24, tá mé le fada . . . 15. ~ an lae inniu, inniu (le treise). . . . go dtí ~ an lae inniu fhéin 19. 16. Níor tháinig a leithide de ~ ó cailleadh na huain, . . . ó bhí an deabhal ina pháiste, . . . ó préachadh na beithígh 20, . . . riamh. 17. Níl aon ~ ó rugadh mé nár chuala mé é sin' 20, chuala mé é sin go han-mhinic. 18. Ó ~ go ~. Bhí mé ag baint blogam as ó ~ go ~ nó go raibh sé falamh faoi dheireadh agam 20. 19. Chuite ~ sa mbliain, i gcónaí. Siad an dream céanna iad chuite ~ sa mbliain 20. 20. Ba é an chéad ~ d'fhómhar thar laentaí an domhain 19 (le rud nár oir a tharlú ar an lá áirithe sin). 21. ~ is go, tharla go. ~'s go bhfuil sé á foc is dhó is córa é 20. ~ nár rinne sé fhéin é, ná bac thusa leis 20. 22. Ló, solas lae. Bhí sé imithe ó ló mhór 20, . . . nuair a bhí neart solais lae fós ann. Bhí sé sa mbaile ó ló 20. Shf. Suipéar ó ló Lá'il Páraic amach 20. Shroich muid Uachtar Ard ó ló 19. Ó! le mo ló! 20 (focal a déarfai nuair a chloisfí scéal uafásach). 23. Píosa lae, tamall de sholas lae. Bhí muid anseo le píosa lae 20. 24. Déanfaidh mé do ~! 20, maróidh mé thú. Fan uaidh nó déanfaidh sé do ~ 20. 25. Sé an ~ fómhair aige é 19, is é an lá ádhúil aige é.

Iábach : Iáibeach.

labar f. Puiteach, láib. . . . go raibh ~ sa tsráid ann 20. Tá sé ina ~ 20, tá sé [talamh] an-fhliuch.

labhairíonn. Labhraíonn. Go labhairí tú sa gconra! 19 (eascaine).

lacha b. 1. Tá dhá chineál lachain fhiáin ann, na lachain mhóra agus na lachain bheaga 24. 2. Chuala tú caint ariabh ar Lachain Mhionlai? . . . Bhí sé ceapaf acu go bé an fá tugú an t-ainm sin orú, go bharr cho mear is cho sciopaf bhí siad a' caint. Ní ra acu ach a Ghoelgi 24.

lacht f. Tál bainne. Faoi ~. Tá sé an-deacair iad [budógaí óga] a thabhairt faoi ~ 19, . . . tabhairt orthu bheith ag tál. Tá sí faoi ~ 19. Seanbhó bhúf gan ~ gan lao 19. An capall gheobhas dhá ~ air a máthair ní féidir í a bhualadh 20, an capall a fhanann ag diúl bliain fhada . . .

lactín f. 1. Lao diúil, asal diúil 19. 2. Súdaire óil. Nach é an ~ é 19. 3. Ól in aisce. Marach go bhfuil sé ag fáil ~ eicín, ní bheadh sé ann 19.

ladar. ~ ná lóin, cur isteach, araoid. Is beag ~ ná lóin a bhuaíl siad ná chuir siad in go leor go mhuintir a bhaile aríomh 27.903, is beag plé a bhí acu le . . . 'Ní bhuaíl mé ~ ná lóin iontu' a deir sé 'ach bualadh harstu' 24.

ladhar b. 1. ~ crainn, gabhal crainn. Bu dóidí dhuit nead smeacha capail fháil go mór a loer seanchrann ná nead éin 24. Corr éun dhíonanns aon nead i loera na gcrainn 24. 2. ~ faidhtín 20, drú a

mbeadh cupla snúda as ag iascach faoitíní. 3. Ní chuir sé aon ~ ionainn héin ná in a [ár] gcórá ach buala tharainn 24, níor chuir sé isteach orainn . . . D'ime an clampar air dhaoine a' buala ~ a ngraha daoine eile 24. Ní glacú ~ ná luain bhfoe [uaidh] air a' gcás ach trí mhí thóirt dó air bheagán tríúil 24, níor glacadh le cur isteach ar an bhfianaise ná cur ina choinne uaidh . . . 4. ~ a dubha 20, éanacha áirithe trá.

ladhrach aid. Gabhlógach. 1. Tá daoine go leór a gcuireann a' tinteach loereach faitíos orú 24. 2. Seilmidé ~ 24, 'whitlow'.

ladhrán f. ~ trá 20, 'red-shank' (éan farraige).

ladhróg b. 1. Géag crainn. Nach glan an ~ í le sgoilte suas? 24. Seó mbíonn go leorógaí air chuide go na cruinn 24. 2. Barrann práta. Barr fataí bhfuil iomarca loereógaí air 24. 3. Iomaire a bhfuil déanamh gabhlóige uirthi 19, 20.

Ládrámán Loirc. Tá ~ é fhéin, tá ceol aige 19, (a déarfai le duine a bheadh ag leanacht an cheoil go follasach). (Tá scéal ann faoi dhá chluais capail a bheith ar Ládrámán Loirc 19).

laethúil aid. Lách suáilceach. . . . fear deas lách laemhail a bhí ann 27.685. Shúféa go mbeadh sí chomh ~ liomsa agus a bhí mise léise 20. 'Fir ~ cainnteach' a deir sé 'a bhí ionntu' 24 liús. Nuair a bhí fhios aici cé m'as mé bhí sí an-laemhail agus cainnteach 24 saor cloch.

lafairt. Lathairt, scudalach dí. (I sean-rann) 'Ach anois ó tharla thú faoi leic, ~ ó Dhia go dteaga ort' 20 (a dúrú le bean a dhiúltaigh deoch do dhaoine bochta).

lag' f. ~ na coise 20, 'áirse' na coise. ~ na bróige 20.

lag' aid. 1. 'Níl ann' a deir sé 'ach go bhfuil mé mo sheasa, tá mé cho lag le aon [éan] gé' 24. Chomh ~ le gas boigiúin 27.1323. Tá mé cho ~ . . . is go leacach téad a' dubháin ala mé 24 dubhán ala. Chomh ~ le tráithnín, . . . le ribe cumhaí 20, . . . leis an luachair 19. 2. Tá mé ~ slán 20, tá mé lag (tar éis tinnis) ach slán leigheasta. 3. ~ labhartha /Laura/. Níor lig sé ~ labhartha as scór punt é 20, níor dhíol sé pingin níos ísle ná scór punt é. Ní raibh sé á ligean ~ labhartha as deich bpunt 20.

lagann. 1. Lag seol as crann go dtóigfidh muid cúrsa 19, lig anuas an seol . . . 2. Go laga Dia gan díobháil! 19 (paidir le linn stoirme). 3. Lagtha, lag de bharr gáirí. Bhí muid lagtha aige 20. Bhí sé lagtha faoi Mhac Sheáinín 20, . . . lag ó bheith ag gáirí . . . Bhí sé go mo laga aig éisteacht leis a' cainnt, bhí sé cho barúil is cho tráthúil sin 24. Lacach sé thú a' cuir síos air an oi a d'iarr sé an bhean 24. 4. Gan aon lagachan a theacht ar a chuid airgid 20, gan aon laghdú . . .

lagar f. 1. Laige. ~ Oisín ort!, ~ chróilín ort!, ~ chróilín ort!, ~ Chóilín ort! 20 (eascainí). ~ chróilín air a' té a leag amach é! ~ chróilín ort! 24 bailíonn. ~ láidir ort ~ an rud a bhí ar bhacach na gcós dubh! 20. 2. Laige ón ngáire. Chuireach sé [i] lagar thu g'éisteacht leis a[gh] inseacht faoi nós agus bealach na ndaoine 24 insíonn. Bhí siad tití i

lagrachaf faoi 20. *Bhí muid i lagrachaf faoi* 20.
Iagdhramannach *aid.* Lagdhromach 20.
Iaghdiaonn. *Laghdiaigh mé anuas an lampa* 20, *d'ísligh mé an solas ar an lampa.*
Iagdhroim *f.* Droim (capaill) a bhfuil gleann ann 19.
lái *b.* Iarann spáid. 'A' *gcuire tú ~ air a bhfeac* 'nó 'a *gcuire [tú] suas ~ dhom*. 'Bhain mé 'nuas a ~' - *d dtástóidh uait i a bhaint gon sheac* 24 *feac.* (Is ionann láí agus an t-iarann agus an feac le chéile (= an spád) ag 19, 20, 32).
láibeach *aid.* Lábach 19.
laidhf. 'Life'. *Tá ~ an tsaol agaihbhse anseo* 19, *tá saol breá . . .*
laidhrín *b.* 1. *Adnham go bhféidir go bhfuil sé deacair go maith seasamh air leoirín orm* 27.224, . . . go bhfuil sé éasca fearg a chur orm, gur duine cantalach mé. 2. *Cáide go n-ardaf muid an ~ ort? Cáide go gcrocha muid ~ ort?* 19, cáide go mbeidh bainis (agus deoch) againn ort? 3. *Doir an ~ bheannaithe!* 20 (agall iontais).
laidhrín. Laidhrín trá. *Dúiseoidh tú an ~* 19 - focal a déarfai le duine a bheadh ag gleo san oíche. *Tá an ~ dúisiithe ag duine eicint* 19.
laidhseans *iol.* 'Licence' (le halcól a dhíol). *Tá na ~ faighte aige* 20. *Na ~* 19.
laidín *b.* Canúint ar leith, caint ar leith. *Séard tá acub laidineacha dhóib fhéin nach bhfuil i gclár ná i bhfoirm* 20.
laidir *b.* Caint ar bith, caint dhothuigthe. ~ *chainte* 19. *Níl a fhios agam beo cén ~ chainte a bhí sé a labhairt* 19. *An-laidireachaí Béarla aige* 19. *Tá ~ eicint eile faoi* 19, *tá leagan cainte eile faoi.* (< Laidin).
laidir. 1. *Chomh ~ le tarbh* 19, . . . le Carraig an Mhatail, . . . le bun daraí i dtalamh 20, . . . leis an aill 20, . . . le geataí an phríosúin 20, . . . le carraig chloiche 20, . . . le carracán cloiche 20, . . . le Strongbó. 'A mbeadh sé chomh ~ le Maiteas Ó Dúbháin 20. *Tá sé chomh ~ le athair an lao* 19. *Bhí sí [bean] cho ~ le giota de mhúile* 24 *géagán.* (Le gruaig) *Tá sí cho láidir le slata coul* 24. *Bhí an tae chomh ~ is nach dtarraingeodh capall a cos as* 19. 2. *Mór. . . air a' gercán láidir úd* 24 *crapann.* *Clochar ~* 20. *Brocach ~* 20. 3. *Fear láidir faoi stocaí bheas ann* 20, *beidh neart stocaí aige.* *Tá mé ~ i bhfataí anois* 20. *Tá tú ag léamh go ~, bail ó Dhia ort* 20, *tá tú go dian i mbun léimh . . .* 4. *Go buacach, go binn, ar a laghad. Tá sé seacht mbliana déag is trí fichid go ~* 20. *Tá dhá fhichead ~ aige* 20. *Bhí sé uair go leith ~ amuigh* 20.
lámh *b.* 1. *Ná hínis do do ~ dheas é* 20, *coinnigh ina rún daingeap é.* 2. (a) ~ *cham, breab. Dhíol siad air bhrú agus ~ cham iad fhéin* 24 *díolann.* *Ná ceap má tá tú ag oibriú an ~ cham agus go sábhála staic go bhréug tamaí thú . . .* 24. *Bhí an charaid is a bhrú agus a' ~ cham ag obair* 24 *daorann.* (b) *Tá ~ i ndiaidh na bradaíola aige* 20, *tá sé tugtha don ghadaíocht.* 3. *Ar a ~ (lámha), de chúram air, faoina smacht. . . an bithúnach a raibh sé ar a lámha* 20. *Ós ar do ~ atá anois, díon do dhícheall* 20. 4. *As ~, ar an bpointe. Tiúrfaidh*

tú isteach góilín móna as ~ 20. *Caith siar é seo ag na bainbh anois as ~* 20. 5. *De réir a láimhe, go mall réidh gan stró. Réir a [ár] láimhe tá muid a' síosca* 24 *sioscann.* 6. *Ina ~, de scil aige de bharr cleachtaidh. Sin i an obair atá i mo ~* 20. *Bhí sé [an obair] i mo ~* 20. *Tá sé [nós na gadaíochta] sa ~ aige agus is deacair é a bhaint as* 24. 7. *Nuair a deir a' bhean gur leag sí har a ~* (27.672, . . . as a lámh i. 8. ~ *easpaig, cóineartú sa chreideamh. Bhí ~ easpoig i dtreach a phobail air a gCuisleán Geárr* 27.109. 9. ~ *is leabhar, gealltanas pósta. Bhí ~ is leabhar eidir í fhéin is mé fhéin* 19. 10. *Cúnamh. Thug mé ~ dhó* 20. *Go dtóige Dia a ~ leat!* 20, go gcuidí Dia leat (le duine tinn). 11. *Ná cuir aon ~ ann* 20, ná bíodh baint ar bith agat leis. *Bhí ~ eicint aige iontab* 20, *bhí páirt éigin aige ina gcuid oibre. Níl ~ isteach ar bith agam leob* 20, *níl mé páirteach leo.* 12. ~ *a dhéanamh de, é a dhéanamh go críochmúil, ceart a bhaint de. Níorbh fhurasta dhuit aon ~ a dhéanamh dhí* 20. *Rinne mé ~ dhó* 10, *chríochnaigh mé é.* 13. *Ag baint ~ dhó i gcónaí* 20, *ag déanamh beagán den obair i gcónaí.* 14. *Ó thóig sé a ~ leis* 20, 6 thug sé faoi [obair]. 15. *Ó bhuaíl tú ~ anois ann atá sé cho maith dhuit a ghoil a[n] cinn leis* 24. *Is ioma duine a bhuaíl ~ i ngnathra duine eile* 24. 16. *'Go mbu fada slán a' ~' d'aibríodh Seán nuair a shínead an píopa dó* 27.545. *Chuaigh sé go Meireacá, slán mo ~ dhó!* 19, . . . go raibh sé slán. 17. ~ *mharbh a ligeann san obair* 20, *buille marbh, . . . tosú ag obair go han-mhall.* 18. *Tá sí [an ghaoth] ar a' ~ ó dheas* 20, *tá sí ó dheas in aird éigin.* 19. *Ag iarraidh a dhá ~ a chur tíompall ar an domhan* 19, *ag iarraidh gach aon saibhreas a bheith aige. Is deacair dhuit do dhá ~ a chur tíompall ar an domhan* 19, *is deacair duit gach rud atá uait a bheith agat (má duine santach thú).* 20. *Coca láimhe* 24 *strácaíl, coca beag féir a dhéanfaí sa ngarraí.* 21. *Sé an crústóir is gortaí é ar fhás ~ as a ghuailinn ariamh* 24 *gartach.*

lámhín *b.* 1. *Dornóg ar speal* 19. 2. ~ *mharúch* 20, (cleas ag gasúir. Iarrtar ar ghasúr a lámh a ligeann 'marbh', beirtear ar chaol láimhe air, agus buailtear isteach san éadan é leis an lámh 'mharbh'). 3. ~ *éisc* 20, *cúig iasc (iad á roinnt).* *Ffr. móin.*

lámhscríbhint *b.* Peannaireacht. *G'fhear tuai b'ait a ~ a bhí aige* 24.

lámhseacht *b.* 1. *Aire. Ó dhíonanns góilín arcadán féileann an-chóir agus ~ é* 24 *arcadán.* 2. *Lámhsíú. 'Ní bhfaid a bhí sé na shuí le m'ais sa traen', a deir sé 'nuair a d'airidh mé a' ~ mo phócaí é'* 24 *lámhsíonn.*

lámhsíona /lamʃi:n/, /laimʃi:n/. Smachtaíonn. *Ní raibh sé éasca i a lámhsíú* 20, *ní raibh sé éasca srian a choinneáil uirthi (capall).*

laimnéar *f.* Siol an chaisearbháin agus é cruinn ar an ngas 20.

laimnéar *f.* Rópa (i mbád). ~ *tróta* 19. ~ *píce* 19. ~ *íob* 19. ~ *seol tosaigh* 19.

láiocht *a. br.* Ag ~ *leis an mada* 20.

láir *b.* ~ *bhán* 19, *breac mór timpeall ceithre through*

ar fhad, cloigeann mór air.
lairceach *b.* 1. Éan nó ainmhí mór. ~ *de lacha* 20.
 2. Ainmhí bradach. *Nach í an ~ í 20* (le capall bradach, bó dhodach). 3. Bean mhór. ~ *de bhean* 20.
laisc. 1. Buille. ~ *de mhaide* 19, 20. 2. Beidh ~ *a'm* 20, buailfidh mé na cártaí maithe atá ar an mbord. *Bíodh ~ a'd!* 20. 3. Léasadh teanga. . . . *hainic siad faoi ~ go minic* 24 scála.
láithreach¹ *f.* Tháinig mé sa ~ 31, . . . i láthair.
láithreach² *aid.* Díon do ghraithe an uair atá ~ 20, . . . faoi láthair. *An t-am atá ~ 20.*
láithreachán *f.* 1. Carnán leathan scartha. ~ *mór feamainne caite ansin* 20. *Níl cuma ná caoi air, tá sé fágtha ansin in aon ~ amháin* 20. ~ *mór de thine thíos acub* 20. *Tuige ar chaith tú ina ~ mar siúd í [feamainn]?* 20. 2. Gíodán féir a bheadh pasáilte. *Go bhárr a bhoigeacht a bhí sa bhféar glas bhí láiracán go leor déanta aig a' tarbh anónn is anáil ann* 27.1189. 3. *Is tú an ~!* 19 (le duine a bheadh sa mbealach ort).
lámhainní. *Bhí ~ orm leis an bhfuacht* 20, bhí mo lámha préachta.
lámhóg *b.* Soitheach adhmaid le haghaidh uisce, timpeall a sé nó a seacht de ghalúin a thuillfeadh inti 31, 32.
lán¹ *f.* Lúb. *Rópa a mbeadh ~ anuas ann* 20, rópa nach mbeadh teann ach a mbeadh cuid de tite ina lúb.
lán² *f.* 1. Méid. *Ba mhór an ~ chúig phunt* 19. *Is mór an ~ a cheannódh an teach sin anois* 19. *Is beag an ~ féir a bhain sé* 19. *Is deabhailte an ~ éisc a bhí ann* 20. *Is beag an ~ daoine bhí ag an tsochraide* 19. *Is iontach an ~ daoine bhí ann* 20. *Bhí ~ mór daoine ann* 20. 2. Barr. ~ *coirce a bhuaileas mé sa ngort sin aríst le cúna Dé* 24. *Sílim gur ~ arúir a chuireas mé sa ngort sin i mbliana* 24 gort. 3. Taoide. *Salachar lán* 20, feamainn a bhaintear is a fhágar ansin go dtabharfaidh an taoide isteach í. *Tá an téad faoi ~ 20*, faoi uisce (na farraige). 4. (Leaganacha eile). *Tá sé ina ~ tseoil aríst acub* 20, tá sé [carr] deasaithe agus ag obair go breá arís acu. *Níl tada sa duine sin ach ~ oilc* 20. *Tá ~ mo bhéil den oíche caite* 19 (a déarfás duine nuair a dhéanfás sé méanfás san oíche). *Doir ~ an leabhair!* 20 - agall dearbhaithe.
lán³ *aid.* 1. (+ gin.). *Tá siad ~ portán* 19. ~ *uisce* 31. 2. *Iasc ~ 20*, iasc nár baineadh astu.
landa, lándail. *Gan leaba gan landa* 20, gan aon áit chodalta. *Gan leaba gan lándail* 20.
lanna *f.* Claibín crua ar bhéal faochan 19. *Lobhfadh sé ~ í na bhfaochan* 20 (le rud an-lofa).
lansa *f.* Oibrí maith fuinniúil. *Nach í an ~ í 20*, nach í an bhean mhaith ag obair í. *An ~ é 20.*
lántsúrálte *aid.* Lánchinnne 20.
lántsraith *b.* Cloch ceangail trasna tríd an mballa 19, 32.
lánúin *b.* Deartháir agus deirfiúr. 'Mo ~ bhred' a d'aire mé fear a thóirt air a mhaic agus iníonn agus é a gcaoine go cráite . . . 24.
lao *f.* 1. ~ *bodóige, (a)* an chéad lao a bhíonn ag an

mbó; (b) lao baineann. *Tugtar ~ budóige freisin air a' gcéad lao a bhíos ag bó* 24. *An ~ buláin nó ~ budóige é?* 24. 2. *Ní raibh aon dochar ann [sa duine] ach oiread le ~ na bó* 20. 3. *Ná díon ~ biata dhuit fhéin* 20, ná hól an iomarca. *Nach é an ~ biata é* 20, nach é atá ramhar. *Tá sé ina ~ biata* 20, tá sé ina pheata díomhaoín. 4. *Rón óg. Na róinte cruinnithe ann ag tóirt deoch dá gcuid laonta ann* 19.

laoineann. Síneann. *Laoin sé air a leaba a' ligeann a scí* 24. *Bhí sé laointí ó chluais go rubal a' díona bolgán gréine* 24.

lapadóir *f.* ~ *lathaí* 31, frog.

lapaire *f.* 1. Duine beag ramhar. *Ní raibh inti ach ~ beag* 20. ~ *de dhuine* 20. 2. Bó bheag. ~ *de bhó* 20.

lapaireacht *b.* 1. *Páiste ag tosaí ag ~ 19*, ag iarraidh bheith ag siúl. *Ag imeacht ag ~ 20* (la mada óg ag tosú ag siúl). 2. *Níl sí ach ag ~ 20* (le curach a bheadh ag teacht go mall agus í íscal i bhfarraige).
lapóg *b.* Bó bheag 20. *Ffr. flapóg.*

lár *f.* 1. *Bhfuil náire a bích oraibh í ~ a' Dúnaí amui ag obair?* 'Í lár a' Dúnaí' ní bhaineann sin le 'the middle of Sunday' ach a' chaoi a dtóigtear air dhaoine é rachas amach ag obair Dé Dúna. *Ní deirtear é le lá a bích eile gon tseachtain* 24. 2. *Sasana a chur ar ~ 19*, a bhualadh.
lása *f.* 1. ~ *cladaigh* 19, feamainn ag fás le cladach. 2. . . . *d'fheiceá na neadracha dubháin alla nó lásaí dubháin alla mar tugtar freisin oru* 24 nead.
lásáil *b.* An clár taobh amuigh de chabhail an cháirr. Téann an bosca síos idir é agus na scaftaí 20.

lasair *b.* 1. *Thrí ~ 19*, trí thine. 2. ~ *léana* 20, 19, 32, glasair léana. 3. *Ó Mhuise, ~ léana ort!* 20, 32 (eascaine).

lasann. 1. (Le caint). *Béarla a lasadh ar an tine* 20, an-Bhéarla liofa. *Bhí sé ag lasadh na gclaidheacha le Béarla* 20. *Ní dhéarainn go raibh aon Ghoelge aig Johnny, ach lasadh sí air a' tine aig a mbeag* 27.951. 2. *Tá beithigh thrí lasadh* 20, tá an-imeacht ar bheithigh. 3. *Dhá cheann a tí rí lasadh* 27.163, beirt lánúin phósta in aon teach. 4. *Lasadh deas na heitinne* 19, deirge snua de bharr eitinne.

lascáil *b.* Lascairt (*q. v.*). *Fuair siad ~ a rabh cuimne fhada acu air* 24 droim. *Réis ~ mhath a bhe fáití 'gum mar a bhí mé* 24 streachlaíonn.

lascainí *b.* Lascaine. *Beidh ~ ag an uisce imeacht* 20, beidh deis, bealach éasca, ag an uisce . . .

lascairt *b.* Greadadh buailte. *Tá sé ina ~ acub* 20. *Bhuail sé ~ air* 20. ~ *ort!* 20 (eascaine).

lasóg *b.* 1. Scail thintrí. *Bhí fáca tú an ~?* *Atá sé a' tóirneach i bhfad uait ó mhaidín* 24. ~ *thintrí* 27.538. 2. Cailín taghdach, sochorraithe. *Sí héin a lasóg go dtreach* 24. *Ní fhaca tú aon lasóigin ariabh mar í, ní fhéata breamú díreach eiri nuair a bhí sí ardaí* 24. *Ní iona ar bích an intóna a bhe oula agus í ghoil leis an lasóig go mháthair a bhí aici* 24.
lasúil *aid.* Lasánta as éadan. *Deir siad gur cailín breá ~ a bhí inntí.* *Is cosúil gurbh é sin a' fá ar baidiú Máire Dhearg eiri* 27.918. *Bhí siad mór, leathan, tiubh agus téagarach, ~, dathúil, in an cuir*

dhiobha dá dtagadh orthu 27.1176. . . nach raibh mórán cailín ina hóige a' goil chuig Teach a Phobail Dé Dómhna ba bhreátha ná ba lasúla ceannaithe ná í 24. . . fear breá ~ dearg 24.

lasúnta *aid.* Dearg as éadan 19. Tá tú go breá ~ 19. Breá dathúil ~ 19.

lata *f.* Pian. Tá ~ orm anocht 20, tá pian i mo bholg. *Bhuail ~ treasna mo dhrama mé 20.*

latáilte *aid.* bhr. Cuibhríthe 20.

latarnach *f.* 1. Rud gan mhaith. Séard í fhéin sean ~ de chapall 20. Níl ann ach sean ~ de charr 20. 2. ~ mór de chapall 20, capall mór láidir.

latarnach *?* 1. Láib. Tá na bruachan hart leis an abhain lán le ~ 24 bruach. Le muic a bait á hiompú héin sa ~ 24. 2. Cabaireacht dhothuigthe. Chuireadh siad bourú tuas ort leis a' ~ chainnte bhí air bun acu 24. Chuir sé ~ as, deoul a mbeach fhíos agut an Goelge nó Béarla . . . 24. 3. Pás éigin, a bhíonn ar an griathnach, in áiteanna boga 20; san abhainn 19.

lathach *b.* Láib. 1. Ní thóigfeá as an ~ é, rud suarach é, ní fiú dada é. Ní thóigfeá as a ~ sgéal nó cómhrá atá acu sin 27.1461. 2. . . bhfeárr liom a' bailiú an lathach [na lathach] gon bhothar ná an catha saoil atá orm 24 bailiú. 3. Dhá ndíonfainn cis ar an lathaigh dhuit, ní . . . 19, dá ndéanfainn mo dhícheall duit, dá mbéad dá ngoillfeadh sé orm. 4. Sheasfá sa lathaigh ag éisteacht leis ag caint 19 (le cainteoir breá).

láthair *b.* 1. Is é is goire do ~ dhuit 19, is é is cón-garaí duit. 2. Oiriúnach, réasúnach. Is é is goire do ~ 19, is é [an t-ainm sin] is oiriúnaí (le tabhairt ar an rud). Is goire do ~ dhuit é ná fanacht anseo 19, is oiriúnaí duit é ná . . . Ba ghoire do ~ é 19, ba mhó ag lú le réasún é. *Faoi ~*, le linn na tréimhse sin. *Bhain sé an ghoin dhíom faoi ~ 20*, bhain . . . lena linn sin (ach ba ghearr arís go raibh ocras orm). *Dheasaigh sé faoi ~ é 20*. *Crochfaidh mé faoi ~ é 20*, crochfaidh mé é - ach is go ceann tamaill é. *Lasann sé faoi ~ 20*, lasann sé ach is gearr go múchann sé arís.

lathairt : lafairt.

láthar *f.* Neart. Tá sí ag díonamh láthair anois 19, tá sí [páiste] ag tosú ag corraí is ag lámhacán aistí féin. Níl aon ~ fós ann 19, níl sé [páiste] in ann imeacht as féin fós.

látharach *aid.* Tá sé chomh ~ 19, tá sé chomh teanntásach, dána, á chur féin i láthair is ag caint le strainséirí.

le /l'e/, /l'e/: réamh. 1. Trí mheán. Tá sé aige ~ dlí 20. ~ dlí a fuair sé é 20. 2. De bharr. Scream mhaidne ort, ~ sprochailleacht a bheith ort! 20. Is mór an náire dhuit é, ~ tráth dhuit a theacht isteach 20. 3. Ag caint le. ~ Cóilín atá mé 19. ~ Seán a bhí mé 20. 4. ('Seibh' de thoradh gaoil). Cé leis thú, bail ó Dhia ort? 20, cé hé t'athair . . . ? Ní raibh a fhios agam cé ar leis an bhean bhreá 20. 5. ~ chomh, de bharr a . . . Ní fhéadfá corraí amach lé chomh fliuch is bhí an lá 20, . . . ~ chomh daor is atá rudaí 20. 6. ~ gach, . . . tar éis gach. Ach lé gach uile rud, thug mé dhá mhála dhóib 20. Lé

gach uile shórt, d'imigh sé 20. Lé gach scéal, is fearr dhuit imeacht 20. 7. ~ mar, de réir mar. Lé mar a bhí an t-am á chaitheamh bhí sé ag tócht as de réir a chéile 20. 8. ~ go/nach. (a) (Le fochlúsal iarmhairte). Céard a rinne sé chor ar bith ~ gur tóigeadh é? 20. Meas tú céard tá air ~ nach gcorraíonn sé anuas? 20. Labhair siad rud eicint ~ gur sheas mé 20. (b) (Le fochlúsal aidhme). Chun an chóir ba cheart a chur ar chearca ~ go mbéarfáidís 20. Dá dtiocfadh lá breá anois ~ go ndéanfai cocaf láidire dhó 20. Cheangail sé chomh crua é lé nach mbeadh sé an-éasca aige é a scaoileadh 20. (c) Sin é an fáth ~ gur éirigh sé 20. 'Tá mé réidh glan', a deir sé ~ ghoil isteach do na flaithis' 20. Is acub a bhí a fhios ~ caoi a chur air 20. Níl na hoícheanta seo ~ ghoil in áit a' bith 20, . . . oiriúnach chun . . . Sin úllai ~ bruil 20. 9. (Forá coinníollach). ~ é thócht anois fhéin, tá go leor millte 20, fiú amháin má thagann sé . . . Níl aon aicearra ann ach ~ mé fhéin a fhliuchadh 20. A. Tá tú in ann é a ól. B. Tá, ~ siúcra a bheith air 20. Ní chuile fhear, ~ bheith go maith fhéin dhó, atá i riocht é a dhéanamh 20. 10. Ag troid i do choinne. Cé bhí leat? 19. 11. (Tuairimíocht). (a) Is iontach an rud liom nach bhfuil artha an dul amú ag S. Ó C. 20. Nach iontach an rud leat é go . . . 32. (b) . . . a d'iarraidh bheith ag cur meas orthab fhéin ~ boic mhóra 20, . . . i dtuairim na mboc . . . (c) Ba fhliuch liom a ghoil soir 32, shíl mé go raibh sé ró-fhliuch . . . An sean leat é? 20, an dóigh leat go bhfuil sé róshean? 12. Is ~. (a) (Le héigeán). Is linn an aithrí a dhéanamh len bheatha shiorraí a bhaint amach 24 aithrí. Tá na seasanaí ag oerí caité sa mbád is linn cinn a chuir na náit 24 seas. 'Toil Dé' a deir m'athair, 'is linn a bhe sásta' 27.112, . . . caithfidh sinn a bheith sásta. (b) (Le cinniúint). Is liom, tá i ndán dom. Laighead a bhfuil go thalamh agumsa bu liom ocras a fháil ina leith 24. (c) (Le rún, intinn). An leat fanacht ansin? 20, bhfuil sé ar intinn agat . . . ? 13. Is + aid. + le. Is deacair ~ na caoráin sin deargadh 20. Is deacair leis an aimsir athrú 20. Nach deacair leis fíochadh 20. B'annamh ~ Domhnach Cásc nach mbeadh sé go breá 20. B'annamh leis [áit] a bheith suismreach 20. 14. (a) (Gníomh leanúnach). Blódh sí ann léithe! 19, leanadh sí uirthi ann. (b) (Le br. ais.) Ag fíochán leis an chléibh 19. Inis leat do scéal 20. Déan deifir leat! 20. An gcluin tú mé leat? 20, fan go n-inseoidh mé dhuit. 15. (Cúrsaí ama). Gabhfamaid ann ~ leath-uair 20, . . . i leath-ama. 16. Maidir le. Ba deabhlá an lochán é sin aréir ~ daoine 20, . . . toisc a raibh de dhaoine ann. Ní ~ maith atá sé chomh beaite sin 20. 17. (Ag plé le). Ag idú plúir ~ muca 20. 18. (Leaganacha eile). Dá mb'fhíor duit liom 19, dá mb'fhíor an rud a dúirt tú liom. Ní chaillfidh aon nduine an Ghaeilge fad's bheas sé ar an saol má rugadh leis i 20. Má bhí a dhóthain aige, tada leis 20, . . . ní raibh níos mó ná sin.

lé. Níl aon ~ leis an ngarraí sin 19, níl aon chinneadh . . . tá sé ar fheabhas. Ní raibh aon ~ léithi 19, ní raibh a sárú ann.

leá (< *iol. ó lia*). ~ na *bFian(na)*. ~ na *bhFian* ní *chuirfeadh as í* [cloch] 20, ní *chuirfeadh* rud nó *duine ar bith as í*. ~ na *bFianna ní bhainfeadh dhó é* 20. *Ní chuirfeadh ~ na bhFian as a cheann é* 20.

leaba *f.* 1. ~ *duáin alla* 20, *líon duáin alla*. ~ *portáin* 20, *áfach portáin*. 2. *Ag tóirt an iomarca ~ dhó fhéin* 20, *ag fanacht rófhada sa leaba*. *Níor mhíste dhuit do ~ a chóirí ann* 20, *áit bhreá thirim é*. 'Go mo í ~ an bháis dhuit i!' *Is minic a dúirí n'easgainí é* 24. 3. *Sin é an fear a tháinig ina ~ 20 . . . a tháinig ina áit*. 4. *Tá na leapachaí teo agat ansin* 20, *tá talamh breá tirim foscúil agat ansin*.

leabhar *b.* (*f. sa ngin*). 1. ~ *bheag*, ~ *ghorm* 20. 2. *Ní fhaca mé i ~ ná i bpáipéar é* 20, *ní fhaca mé tuairisc air in áit ar bith*. *Níl sé i ~ ná i bpáipéar* 20, *níl aon tuairisc air, níl aon bhunús leis*. 3. ~ *Cholm Cille*, *tairngireacht Ch. C. . . bhí sé i ~ Cholmille nach dtiucadh sí aniar* 27.645. 4. *Caite, glanta, den ~, ligthe i léig, as faisean*. *Na bealaí is na béasaí a bhain le cleamhnas, suipéar, spré agus posadh san am sin, atá siad caite gon ~ air fad inniu* 27.90. *Tá sé caite den ~ acub* 19. . . *atá na cleachtaí a bhí aguinn a' titim siar nó titithe siar nó glanta gon ~ air fad* 24 titeann. 5. . . *thosa an ~ dá léamh aig a dream a bhí suas agus aosta* 27.200, *thosaigh fiosrú á dhéanamh*. (Níl *leabhar* ná *léamh* i gceist). 6. *As mo ~ an bhean sin!* 19, *ní maith liom caint na mná sin*. 7. *Léifeá ~ air!* 19, *tá sé go hiontach (le maítheas nó le donacht)*. 8. *Doir mo ~! Doir brí an leabhair!* *Doir a bhfuil de leabhartha oscailthe is dúinte!* 20.

leac *b.* ~ na *crónach in Ifreann* 20, *fochtar Ifrinn*. ~ *an bhaile mhóir, sráideanna . . . Is suarach an áit do chónaí air ~ a' bhaile mhóir* 24.

leacaíonn : **liocann**.

leachta *f.* *Carnán cloch*. ~ *sa spéir* 20, *néal mór*.

leacóg *b.* *Cnaipe stáin* 20.

leadaí *f.* ~ na *clidach* 20, *leadaí na luaithe*. ~ *teallaigh* 19, *id*. *Tá tú istigh i do ~ 19, id*.

leadán /L'ida:n/ *f.* 1. *Crann leadáin* 19, *teasel*. 2. *Chuir sé ~ ann* 20, *thosaigh sé ag iarraidh rud a mhealladh uaidh*.

leadar *f.* 1. *Píosa mór*. *Is deoutla an compléasc bhí aige agus a' ~ im bhíoch air a' gcáca aige* 24. 2. *Paiste mór*. *An ~ go phiosa bhí air thúin a bhríste, brust aithne go strail (sic) bhí na bhean* 24. 3. *Poll mór*. *Chuir sé ~ go phoul air a' mbád* 24. 4. *Buille*. *Ná buail ~ chomh mór sin air a' bputach* 24. *Na leadarachaí bhí an gou a bhuala air an inniún* 24. **leadar ó léaró**. *Leisceoir . . . mar is cuma ciodós ~ dtomhaoineach leisiciúil a bhíonnas a nduine* 24 *donacht*.

leadaráil *b.* *Bualadh* 20. *Ní thoen ~ mhóra go maith go na páistí air scoil* 24.

leadhb : **pleadhb**.

leadhbóg *b.* ~ *leathair* 20, *fáinleog*. *Ffr. liabóg*.

leadóg *b.* 1. *Rud mór*. *Bhain sé ~ a' breá* 20, *fóide móra móna*. 2. ~ *de cháca* 20, *cáca mór leathan*. ~ *de chrúib* 20, *crúb mhór*. 3. *Bhaineadh sé ~ de phóig di* 20, . . . *póg mhór*.

leádóireacht *b.* *Ag ~ air* 19, *ag eascaí air (á léamh le heascaí?)*.

leadrán /L'a:dra:n/ *a. br.* *Moilleadóireacht fhadálach chainte*. *Ar fhaitíos go bhfanfadh sé ag ~ aige* 20. *Ag ~ cainte* 19. *Ag ~ foinn* 19.

leadránach /L'udra:nəx/ *aoid. Aimsir ~, aimsir a bheadh i bhfad ag glanadh*. *Dá gcoinníodh aimsir liodránach thu gan féadachdúil é a bhailiu* 27.1285. *Ann-chothara go raibh uair bhreá air a' mbealach a bhí ann*. *Bhí blianta ann in m'am a raibh léargus maith le fághail agut air ach ní i mbliana é, bhí sé ro liodránach* 27.1292.

leagan *f.* 1. (a) *Cúrsa beatha*. *Ná corraigh, a mhac, beidh ~ eile againn* 20. *Tá ~ eile le bheith ann* 20. (b) *Béile*. *Bhí dhá ~ beatha ann* 20, *dhá bhéile (ag bainis)*. 2. *Amharc*. *An bhean is deise a d'fheicfeá do ~ do shúil* 20. *Bhí sé imithe le ~ mo shúil* 19, . . . *i bpreabadh na súl*. 3. *Bainfidh mé dhó é - dhá gcaillfinn ~ leis* 20, . . . *dá mbeinn féin thíos leis*. 4. ~ *amach*. (a) *Pleain, polasaf, dearcadh*. *Bhí ~ amach maith aige* 20. *Bheadh a ~ fhéin aige ar an scéal* 20. . . *an méid leagann amach atá aige* 24. (b) *Bealaí ardnósacha*. *Tá siad imí an oerca na móna air fad le leagann amach is le éirí an áirde* 24 *adharc*.

leagann. 1. *Socraíonn, dearbhaíonn*. *Leag siad gur catha tobac is cionntai le mo rourc* 27.131. 2. (a) *Leag t'intinn le t'ais* 19, *déan machnamh go ceann tamaill*. *Ní dhíonfaidh mé fós é go leagfaidh mé m'intinn le m'ais i dtosach* 19. (b) *Má ~ tú le t'intinn é, go bhfuil tú in an éirí as* 20, *má shocraíonn tú i t'intinn . . . Déanfaidh tú rud ar bith má ~ tú le t'ais é* 20, . . . *má shocraíonn tú go daingean duit féin é*. 3. *Fágann, cuireann*. (a) *Cá'il an pionúr leagtha?* 20. *Leag uait do leabhar* 20. *Níl a fhios agam céir leag sé iad* 20. *Leag aníos cupla fata agam* 20. *Leag uaidh é nuair nach bhfuil sé dhá ól* 24, *tóg uaidh é agus leag in áit eile é*. (b) *Tá a fhios acub cé leagfaidís a gois* 20, *tá gach coiscéim den bhealach ar eolas acu*. *Nír leag mé cois ariamh ann* 20. (c) *An churach a leag* 32, *an churach a chur ar snámh*. (d) *Leag mé suntas air* 19, *thug mé suntas dó*. *Níor leag siad aon tsuntas ar rudaí den tsórt sin* 19. 4. *Ag leagan próiseanna* 20, *ag seir-bheáil próiseanna*. *Ag leagan im sa teach céanna i nGaillimh* 20, *ag seachadadh ime . . . Bhíodh sí ag leagan, roimhe sin, uibheachaí ann* 20. *I nGaille bhí mé a leagann síos cionn na míosa air an mbál truscán sin* 24, . . . *ag ioc . . . 5. ~ amach*. (a) *Leag amach an doras* 20, *dúin amach é*. (b) *Ní air sin atá daoine óga leagtha amach chor ar bith anois* 20, *ní sa rud sin atá suim ag daoine óga . . . ní ag iarraidh a bheith ag plé leis sin atá . . .* (c) *Cuireann as obair*. *Tá sé a' leagann na ndallaráin amach* 24 *dallarán*. *Tá deaide leagtha amach* 20. 6. ~ *anuas*. *Leag anuas a mbéilí* 20, *cuir a mbéile ar an mbord*. *Bhí bord breá beatha leagtha anuas againn (= chugainn)*. 20. *Tá an bord leacaí anuas anois l'oe dinnéar na ndaoine* 24, . . . *réitithe*. 7. ~ *ar*. (a) *Níor leag mé mo shúil ar a chéile* 24 *airíonn*, *níor chodail mé néal*. *Tiocfaidh mé ar an leaba go*

leagfaidh mé mo shúile ar a chéile 20. (b) *Níor leag mé mo shúil ar aon bhean is deise ná í* 20. (c) . . . *d'fhear a rabh an craiceann leacai ar a' gcráimh lena dhonacht* . . . a bhí an-tanaí 24 aire. 8. ~ as, éiríonn as. *Leag siad astu* 20, d'éirigh siad astu (as iad a thógáil, a chur). *Níl sé i bhfad ó leag sí as obair* 20. . . . *ní sheasa an t-argead é mar leagtar as go leór rudai nach bhfuil roghear a teastáil* 24 *caitheann*. 9. ~ *isteach*, tosaíonn ag ithe (go hamplach). *Is é atá go maith ag leagan isteach* 20. *Leag isteach anois!* 20. 10. *Tá mé leagtha sait* 20, tá fuil mhíosta orm. 11. ~ *thar*. *Tá orm mo cheann a leagan tharam go ceann tamaill* 20, . . . néal a chodladh. *Leagfaidh mé néal tharam* 20, codlóidh mé néal. 12. *Leagfaidís thú* 20, chuirfidís in arraingeacha thú ag gáire.

leaicíneach *aíd*. Faoi leicíní (cloch aoil). *Tala ~ a tugtaí ar thala a uaitheá leaicíní cloch-aoil in a bhéul* 24 saothraíonn. *Gur tala ~ a bhí a mbéul a' lá a d'fhág do-oebrí é* 24 fódaíonn. . . . *ba mheasa na dhiaidh sin garraí ~ cloch aoil* 27.1451.

leaicstráil /l'aksdra:/ *a. br.* Imeacht thart go díomhaoin 20.

leaicstar /l'ak'sdər/ *f.* Leisceoir díomhaoin 20.

leaid /l'ad/ *f.* 1. ~ óg 20, stócach. 2. *Is é an ~ é* 20, is é buachaill báire é. 3. ~ *an dochtúra* 20, an dó muileata.

leaidéail /l'ada:/ *a. br.* Ag ~ 20, ag imeacht thart go díomhaoin.

leaidí /l'adi:/ *f.* ~ *boc* 20, buachaill báire. *Nach é an ~ ó lí é* 20, nach é an rógaire é! (focal leathmhagúil leathmholtach le garsún óg).

leainín *f.* Leinbhín. ~ óg 20.

leáise. 1. Duine leibideach. ~ *de bhean* 19. *Tá ~ ag teacht anois* (le fear) 19. 2. *Tá sé ina ~ le ól* 19, tá sé dallta le ól.

leámhaí *aíd*. Leamh. *Tá sé an-~ i mo bhéal* 20. *Blas ~* 20. (*Leamh freisin* 20).

leamhan : *lián*.

leamhnacht *b.* /L'awnəxt, L'amməxt/ 19, bainne úr. *Ffr. liúnacht*.

léan *f.* 1. *Tá an ~ ort!* 19, tá an mí-ádh ort. 2. *Mo ~ dóite!* *Mo ~ maidne!* 20. 3. ~ *rua ort!* 20, droch-rath ort. 4. *Mo dhá ~ nach sa mbaile a d'fhág mé í, an áit í a chuir anonn go Sasaná!* 24.

léana *f.* *Tá ~ talúna curtha aige* 20, tá giodán mór talún curtha aige. (Níor chualas sa chiall 'móin-fhéar' é).

leanann. 1. *Lean sé sách daor thú* 20, bhain sé praghas sách daor díot. *Lean sé daoithiúil mé* 20. 2. *Lean an fhírinne* 20, inis an fhírinne.

léanbhrú. ~ *ort!* 19, 20, ~ 'eascaine beag é, *déarfá le chuille dhúine é'* 19. ~ *ort nach bhfanann socair!* 20. ~ *ar do dhá chois chama!* 20.

leann *f.* 'Wash' as a ndéantar an poitín. *Tá an ~ ins na barailí air fad acu* 24. ~ *rua* . . . *á thabhairt do bheithí* . . . 24.

léann *f.* Leabhar Eoin (tosach shoiscéil Eoin, mar leigheas). . . . *fua a fear sa meán oí chuig a' sagart air a' gCaisleán Geárr a' cuartú léun duiche*. *Tugaim a' léun dhuit nó ná tugaim* . . . *níl aon*

mhaith dhuit inntí 27.1149. 'Léun' a t-ainim bhí air a' loes a hugach a sagart woe ó Dhia 24 spreach. **léann**². 1. *Cuireann síos ar, instonn*. *Nuair a bhí sé léaití mach aicí go m'athair faoin mbuala* . . . 24 *buala*. *Bheadh sé ag léamh chuille shórt dó tharla ó thúis an tsaoil* 20. *Léigh mise go minic dó é* 32, d'inis . . . , mhinigh . . . *Tá sé in ann í a léamh amach as a bhéal* 20, . . . *í a rá* . . . 2. *Sé chaoin mbínn ag léamh m'intinn héin* 19, . . . *ag machnamh dom féin*.

léann *br.* 1. *Leádh sé í* 32, tá an dearg-ghráin aige uirthi. *Leáidís a chéile* 20. *Leághadh siad air bior a' bheirt á bhárr 24 brádan*. 2. (In eascaim). (a) *Go léa an deabhal thú!* 20. *Leá Dé ort!* 20. *Leá as ort!* 20. (b) *Leáigh tú le eascaim é* 19, scrios tú . . . (c) *Go léa an deabhal* (mar mhír dhiúlt.) 'Go léa an diabhal' braic a bhain sé asam 27.557. *Go léa an deabhal dochar a bhí ann* 24A. . . . *go léa'n deoul pín héin a bhí acu* 24 baileach. 3. *Leámh, teas a leáfadh*. . . . *go raibh sé níos brothallá agus níos mó leámh ann ná bhí sna laethanta roimhe* 27.1507.

4. *Díleánn* (bia). *Cheapfá go leádh sé iarann an uair sin* 20 (le duine ocrach). . . . *ag ithe air fad 'ú, tá leáw eicint a' do bholg nach bhfuil ceart 24 ocrasach*. 5. *Titeann as a chéile, lobhann*. *Ní leáfaidh an síoda ar an gcorp* 19. *Bheadh sé a' breanu air a leámh 'sa lomhath [lobhadh] san uisce réis a dúil a bheadh aige ann* 27.1309. *Ag leámh is ag lobhadh* 19. 6. *Imíonn as*. ' . . . *leá sé [achrann] hart go breá, ciúin, ré'* 27.109. *Tá na caoirigh ag leámh* 20, . . . *ag imeacht as (de bharr tinnis, nó á ndíol)*. . . . *ach leá siad [scéalta] agus d'éala siad oireasa bhe d n-innseacht len a gcoinneál i gcuimne 24 gealbhan*. . . . *leá sí air an uisce bruite feabar ciod a bhuail í. Sí an bhean is tanaí air a mbaile 'nois í 24 tanaí*. 7. *Imíonn as amharc*. *Ledigh sé ar súil uiliug* 19. *Ledigh sé amach as a shúil* 19, d'imigh sé as a radharc. 8. *Mar deirtear le bean a bhíonn an-mhór i ngrá 'tá sí léáite a' cuimriú air'* 24 cuimríonn. 9. *Ar leámh chuig, an-dúilmhear ann*. *Tá tú ar leámh aige* 20. *Bhí a dhá shúil ar leámh aige* 20, bhí an dúil a bhí aige ann le feiceáil sna súile aige.

leannán /l'una:n/ *f.* 1. Peata de pháiste. *Nach thú an ~!* 20. 2. ~ *sagairt* 19, páiste sagairt. 3. *Drochdhuine*. *Is oic an ~ í sin* 31.

lear *f.* Líon, méid. *Is beag an ~ daoine a bhí ann* 20. **léar** /l'e:r/ *De ~, de réir*. *De ~ mar aia an dlíomh ag tócht* 19. *De ~ a chéile* 19. *Dhá ~ sin* 19. ~ *mar a bhí sé a rá* 20. ~ *mar thairrníos tú suas nó anuas an corda is ea oibríonn an teanntóir* 20.

learaí. Tuirse, fonn codlata. *Nuair nach bhfaca sé préachán ar bith hart bhuail learaí é agus shín sé siar san arú a bhí 'na sheasamh* 27.1284. . . . *catha sé go deoulta an learaí tá oraibh 24 slaoineann*. *Sé mí-á an leaba chluich go gcuireach sí ~ isteach an do chrámha 24 leaba*. *Bhí ~ a goil dó* 24.

learaíocht *b.* Leisce 24.

leargaireacht *a. br.* Ag ~ *thart* 20, ag imeacht thart go díomhaoin.

leargán *f.* 1. Giodán réidh talúna. *Bhí suas cho fada*

le leathscór leargáin ann a mbíodh siad a' crinnú ann chuile thránóca 24 saor báid. Is beag ~ acu sin nach mbíoch cloch a suithí síos eirí nó a seasai suas léi 24 saor báid. . . . bhí ~ hart air chnocán nó ar chloch ag fir abhaile na suíomh ann 27.133. Ba mhór a' ~ leis na tincearaí é tamal blianta ó shin 27.558. 2. Cloch leargáin 24, cloch a mbeadh cleachtadh ag daoine sin uirthi is timpeall uirthi. . . . a' téacht ó Aifreann a h-aon-éug Dé Dóna agus Lá Saoire bhí sí cloch na h-áit leargáin acu nuair a thagadh siad go dtí í. Chathadh siad éadra ansin Dóna breá a cainí na córá is a cur a' tsaoil thrí na chéile 24 cloch Stiúna.

leas f. Cúnamh. Sé an truaí é bhe tinn agus an chaoi bhfuil a leas a' tastáil 24.

léas f. Balscóid. ~ luatha 19, léas a thógfaidh splanc ar chois.

léasach aid. Faoi léasacha. Garraí ~ 20, garraí a mbeadh cuid den bharr loicthe ann. Tá sé siúd anléasach 20, tá sé [garraí] faoi iomairí nach mbeadh a ndóthain leasaithe orthu.

léasadh a. br. 1. ~ Thaidhg Uí Laoi, an-léasadh. Bhí fhios agam go maith cad a bhí le fáil agam, léasa Thaidhg Uí Laoi 27.814. Fuair a' triúr léasa Thaidhg Uí Laoi wofa a bhfuil cuimre ó shin acu air má mhaireann siad 27.1487. 2. Ag ~ báistí 20, ag clascairt bháistí.

leasaíonn. ~ faoi, leasaíonn roimh an síol a chur. Brainse mór le daoine a bhe a' leasú na bhfataí faoi le aoileach sul má sgarraí an síol 24 leasaíonn.

léasán f. 1. iol. Píosaí de bhogha ceatha. (Comhartha droch aimsire) 32, 19. Tá drochléasáin thoir aneas 19. 2. Áit chaoil ghlan sa bhfarraige, gan feamainn ná carraigeacha ann 20.

léasánach aid. Faoi léasáin. Tá an spéir an ~ 20.

leata aid. 1. Tugtha do, tóiriúil ar. ~ ar chártaí 20. Tá tú ~ ar an gcladach 20. 2. Bhí mo shúile ~ ag súil abhaile leis 19, bhí an radharc ag teip ar mo shúile de bharr a bheith ag síorfhaire. Bhí a shúile ~ ag faire air 20. 3. An-mheirbh. Lá te leataí a bhí ann 24 míoltóig. Brothalach agus leataí 24 míoltóig. Mí an ~ a bhíodh go minic inntí 27.1504.

leataobh f. 1. Bhí léim ~ inti 20, léimfeadh sí [capall] de leataobh le scáth. 2. Is minic a sgaoilte faoi na leithide agus a cuirte air leataobh é 24 cuireann, . . . a maraíodh é.

leataobhach aid. Tá léim ~ inti [capall] 20, léimcann sí de leataobh le scáth.

leath¹ f. 1. Dhíof mé an oiread is go mba mhór é a ~ 20, . . . go leor leor. Bhí oiread stuifíní ann is go mba mhór é a ~ 20. 2. ~ ceathrú, ochtú cuid. Bhí sé ~ ceathrú orlaí ar fad 24 bainean. 3. ~ aimsire, leath tréimhse iompair. Níor mhór dí [do bhean] a bheith ~ aimsire 19. 4. Cuid. . . . dá ndéanta seacht ~ go do dhícheal ní raibh aon mhaith dhuit ann 27.115, dá ndéanta do sheacht míle dícheall. Dá ndíonain seacht lea go mo dícheal ní fhéatain é a fháil amach 24 fáine. Choinne tú héin a' lea mhór anois 24. Bhí sí a' cúire na ~ achaf bhí sí dhíona go cháca na maidne (Bhíos agum í. Bhí sé dhuine dhéag a' faire air a' gcáca) 24. 5. Dhá

~, formhór. Dhá ~ na ndaoine sin é formhór na ndaoine 24A. . . . bhí dhá ~ na ndaoine go mb'fhearr leofa go mór a théacht aníos an abhain 27.197. . . . g'fhir agus go mhór nach rous aig a dhá ~ a n-ainm i mBéurla 24 naomh. Air a' mbaile agus na bailteacha hart tá dhá lea go na fir nach bhfuil pósta 24 pósann. Tá dhá ~ na riascál is ní fiú meanachair iad 24 riasca. 6. (a) . . . a bhfuil ~ aige air, a bhfuil a airde go leith ann, atá i bhfad níos fearr ná é. . . . as a' mbun d'fhás trí chrann a' rabh ~ ag chaon cheann acu ar aon chrann dá mhéad sa gcoel 24 D. Fómhair. (b) Nach bhfuil ~ aige air, nach bhfuil i bhfad níos fearr ná é. . . . ní aon bhourd a ceanníodh le leathscór blianta anuas . . . nach bhfuil ~ aige air 27.141. Ní raibh mórán lá Samhraidh nach raibh ~ aige air le brothal, meirbheacht agus breácha 27.335. Ní raibh aon gharraí cruithneachta sa tír aríomh nach raibh a ~ aige air le tairbhe tuí agus síol 27.314. Níl da a bích nach bhfuil lea ag da a' ísnáthaid mhór air 24 snáthad mór. Ní raibh mórán bean nach raibh ~ aig Máire Thomáis eiri le paidreacha agus rannata beannaigh agus sean abhráin chomh maith 27.308. Shíl mé nach ra mórán dochtúir nach ra leath agut air 24 folláin.

leath² dobh. Níl sé ~ sách bruite 20.

leath- réim. (Bíonn an príomh-aiceann ar leath-, agus fo-aiceann ar an mír a leanann é.) (I leag. diúltach le a. teib.) Mórán. Ní raibh ~ locht a' inn air 19. Ní raibh ~ locht air chuid an uisce coisric gon scéal 27.171. Ní bhfaighfinn ~ shásam air 20. Ní dhéanfainn ~ iontas de 20. Ní raibh ~ sírobh na beithí a bhí ar chuid an fhir eile a chrinnú 27.1548.

leathan aid. . . . chúig scáltán inntí agus a' glab foscaille acu cho ~ leis a' bPóirse Caoch, a' ceapadh gurb é an sean-éun a bhí ann 24 péist. Tá sé chomh ~ le droim an chomhra 20 (le fear mór leathan). Tá siad cho ~ le Sráid a' Mharaga 24. Tá sí chomh ~ le doras 20 (le bean an-ramhar).

leathar f. 1. (Gin. mar threisiú leis an bhfocal béal). Is é a béal leathair a dúirt liom é 20. Bhí mé ag éisteacht lena bhéal leathair á rá 19. Is é béal leathair Pháraic Phíotair a bhí dhá rá liom 19. Is é a bhéal leathair nár 'úirt aon cheo as bealach ariamh 19. 2. 'Á ndéanadh sé ~ á chraiceann, ní chuireadh sé an ['un] cinn iad 24 muc, dá ndéanadh sé a mhíle dícheall . . . Dhá ndíonadh sé ~ dhá chraiceann, ní bheadh aon mhaith dhó ann 20.

leathbhoicin f. Glasbhoicin, duine a bheadh ag iarraidh boc mór a dhéanamh de féin, e.g. buachaill siopa, cléireach, etc., 20.

leathbholg f. Shf. Ní airíonn bolg ~, 24 airíonn, ní airíonn an sách an seang.

leabbhord f. 'Tá leathbhourd agut air a' mbád féir sin' 24 bord, tá leatrom agat san ualach atá air.

leathchlaidhe /'l'a,xlai/ f. 1. Clai leathard 20. 2. ~ an dréimire 20, clár taoibhe an dréimire. 3. Seafta. . . . bhí rópat cáirr ceangailte air na leathchlathacha deire 27.83.

leathchoca f. Coca leathmhór a dhéantar sula ndéantar an coca mór 20.

leathchóir. . . . níorbh é ~ Dé iad a' fáil ocras sa deire 24 bailíonn, bhí sé tuille acu . . .

leathchoitianta *aid.* Réasúnta coitianta. ~ go maith a bhí an nós sin 24 iníon.

leathcholapa *f.* 1. Gamhain leathfhásta 19. 2. Capall tímeall bhíain go leith 20.

leathchreistiúint *b.* Roinnt creidimh. *Bhí leathchreistiúint ag go leór go na sean-ndaoine fadó go gcacann a' púca ar na toraí Oí Shouna 24 púca.*

leathdhíol *f.* Leathdhóhain. *Mo ~ 20.*

leathdhíomhaoin *aid.* Measartha díomhaoin 19.

leathdhóhain *b.* Leath (mo, etc.) dhóhain 20.

leathfhad *f.* Tá ~ ann 20, tá taobh de [teach] níos faide ná an taobh eile.

leathfhata *f.* Práta réasúnta mór 20. *Cho cruinn le ~ maith 24 iascaireacht.*

leathfheilmeára *f.* Feirmeoir réasúnta láidir. . . . *d'éire na feiliméaraí beaga agus na leathfheiliméaraí as a' gcuraicocht 24 glantóir.*

leathghabháltas /'l'ae,yo:ltas/ *f.* Gabháltas nach bhfuil ann ach leath an mhéid a bhíonn sa ngnáthghabháltas 20.

leathghála *f.* Leathchíos 20.

leathghalóg *b.* Deoch bheag. ~ *fuisce a d'ól mé 19.*

leathghealleas *f.* Taobh amháin de ghealleas briste 20. *Níl a'm ach ~ 20.*

leathghlúin *b.* Tá sé [féar] caite ar a ~ 19, tá sé tite ar aon taobh amháin (níl sé ina luí. Tá sé sobhainte). *Bhí an coirce ar a ~ 20.*

leath-iompaithe *aid. bhr.* Iompaithe de bheagán. *Tá an coca ~ 20.*

leath-iontas : **leath-** thuas.

leathláimh *b.* 1. *Ná hinnis go do ~ ciod a chonaic tú 27.432, ná hinnis d'aon duine. Ná labhair le do ~ air 27.487.* 2. *Ar ~, gan lán do dhá lámh, 'folamh'. Ní rabh aon bhaol go leicí mach air ~ thú roimh Oí Nollaig 24 Nollaig.*

leathleibide *f.* Duine gan mórán guis 20.

leathleiceann *f.* 1. Leiceann amháin 20. 2. *Bhí ~ air ag éisteacht 20, bhí a cheann claonta de bheagán aige . . .*

leathleoraí *f.* Leoraí measartha beag. ~ *beag 20.*

leathloch : **leath-** thuas.

leathluath *aid.* Réasúnta luath. *Tháinig sé ~ go leor 20.*

leathmhagairle *f.* Magairle amháin 20.

leathmhaing *b.* Leathmhaig 20.

leath-mhaith-go-leor *aid.* Measartha maith 20.

leathmharú *f.* Thug sé ~ ar an sean-fhear 20, is beag nár mharaigh sé an seanfhear.

leathmhás /'l'afa:s/ *f.* Más amháin 19.

leathmheán. *Ní bheadh fhios agut an moch air maidín nó leath mheán oíche a mbuaileadh fear acu . . . a' doras . . . 24 áth. . . . idir a haon is a dó a chlog ar maidín.*

leathmhuc *b.* Muc leathfhásta 24 srón.

leathnaíonn. 1. Éiríonn lag (le radharc), leathann. *Bhí mé ag breathnú air gur leathnaigh mo radharc orm 19. Leathnóidh an t-amharc faoi dheireadh ort 20. Tá an t-amharc leathnaithe ina shúile 20. 2. Éiríonn míshoiléir (le caint). *Bhí an chaint**

leathnaithe air 20. 3. Scaipeann. Tá an scéal sin leathnaithe 20. 4. Bhí sé leathnaithe 20, bhí sé dalta ar meisce.

leathnós *f.* 1. (a) *Faillí. Sén t-anró agus a' ~ a d'fhág 'na gcarracháin iad 24 carrachán. (b) Ar ~, ar dhroch-chaoi de bharr faillí. Gouna a fháns aire mhath 'na laonta is a ligtear siar ansin le droch-chóir na dhia sin agus a fhágtar air ~, siad a leithidí sin a dhíonnans na h-arcadáin 24 arcadáin. Gasúir a fhágtar ar ~ 24A, . . . a ndéantar faillí orhtu, nach dtugtar aire dóibh (go háirithe i dtaobh ocras). Sé an t-ól a d'fhág go leór ar ~ 24 ól. Bhí siad ar ~ agus bhí an fíos acu go raibh an Fhéil Mhárta a' brú le . . . agus go mbeadh brabach maith go leor ar an oí acu 27.1395.*

leathord *f.* Ord beag. *Bhí ceathar ansin agus leathord acu dá mbrise sin ina spalaí 27.1138.*

leathphataire *f.* Buachailín tímeall naoi nó deich de bhlianta. *Is ceart dhó bheith ina ~ mhaith 20.*

leathphúcán *f.* Púcán leathmhór 19.

leathphutach *f.* Buachailín tímeall trí nó ceathair de bhlianta d'aois. *Bhí sé níos mó ná páiste mar bhí sé suas 'na leathphutach mhaith 24 páiste.*

leathrach *b.* 1. Rud mór leathan, cáca mór, iomaire mhór 19. 2. Áit a mbriseann maidhmeanna móra sa bhfarraige. (In ainmneacha dílse amháin?) ~ *Láfrú, ~ Réamainn, an ~ Mhór, an ~ Ghorm 19.*

leathrachán *f.* 1. Fear leathan ramhar 19. 2. Beithíoch leathan ramhar. ~ *de bheithíoch 19. 3. Coca mór leathan 19. Tá sé ina ~ 19, le coca ró-leathan agus ró-scaoilte. 4. Tá sí [móin] ag déanamh leathracháin ón sleán orm 19, tá sí ag leathnú le boigeacht ar an sleán.*

leathscáth *f.* Fál fothana ar aon taobh amháin. *Dhéanfa ~ dhuil féin ann 24. Is breá an ~ é sin 20. Ffr. sop.*

leathsciathán *f.* Fágfaidh mise ar ~ thú 19, gortóidh mé thú, buailfidh mé san argóint thú.

leathscóir *f.* (Go coitianta mar aonad comhairimh). *Bhí dhá ~ bainte anocht a'm 19. Tá mise ~ blianta níos sine ná thú 19. Tá na trí leathscóir caite aige 19. Chúig ~ 19. An chéad ~ gon chéad seo caite 27.138.*

leathshásamh : **leath-** thuas.

leathshnáithe *f.* Snáithe singil 20.

leathstróbh : **leath-** thuas.

leathstróicthe *aid. bhr.* Leathbhogtha chun meisce. *Chuil fhear dá raibh ag ól bhíodh siad ~ go maith nuair a scapadh siad ar maidín 24 suipéar.*

leathstuaie *b.* Leathmhaing. (*Aid. sheal. roimhe*) *Tá a chaipín ar a ~ aige 19. Tá mála an choca ar a ~ 19.*

leath-tharraingt *b.* 1. *Tá ~ inti 19, tarraingíonn sí leathchois níos moille ná an chois eile sa siúl. 2. Tá ~ mhaith i bhfarraige naois 19, tá an fharraige ag tosú ag éirí garbh.*

leath-theanga *b.* Duine nach mbeadh aige ach ~ 20, duine a mbeadh marach éigin ar a chaint.

leath-thuille *b.* *Bhí sé ina ~ 20, bhí leath tuille aige.*

leath-unsá *f.* Bean bheag. *Nach í an ~ i 20.*

leatreasna dobh. agus a. Fiarthrasna. *Clár a chuir ~ sa doras 20, Ar a ~ 20.*

leatrouigh. *Go dtuga an deabhal leis thú, mara dtugadh sé thú ach ~ sa lá!* 19 (eascaine).

leib : pleib.

leibhéarach /L'ev'e:rəxt/, /L'iv'e:rəxt/. 1. Stánadh. *Is ortsa atá an ~ air* 20. *Bhí sé ag ~ ar an gcriathrach* 20. 2. Aimsiú. *Déan tusa ~* 20. *Thóg sé ~ cheart air* 20.

leibhit /L'ev'it/. 1. Buile boise. *Is uaitse theastódh an ~* 20. *Bhuail sé ~ air* 20. 2. Paiste. *Bhuail sé ~ de phíosca air* 20. 3. Rud tanaf leathan. *Cuir stós ~ de cháca* 20. ~ a dhéanamh de Shasana 20, S. a scrios (na tithe ar fad a leagan).

leibhiteálann /L'ev'ita:lən/. Buailéann, scriosann. *Leibhiteálfaidh sé an saol* 20. *Thug sé leibhiteáil mhaith bhuaillte dhó* 20.

leibhré f. *'Dá racaídh is dá ndeachaigh faoi ~ na Maighdine'* 32 (i bpaidir). . . . faoi éideadh na Maighdine (éideadh oird rialta?). *Thosaigh an sagart ag brath ag goil ag baini an ~ dhó* 31.

leibide ó leó. Leibide 20. *Scéal cam ort a ~!* 20.

leibideacht a. br. Seafóid chainte. *Ag ~ chainte* 19.

leibidíocht b. Leibideacht. . . . *ní bheach fhios agut beo ciodas leibidíocht a bhí a' baint leof* 24 ama-dáimín.

leiceann f. 1. *Dhiún lá ná ~ thug sé dhom* 20, dheamhan lá oibre a thug sé dom. *Níor fhan sé lá ná ~ thar an tseachtain* 20. 2. *Ní chorroinn mo ~ dhó* 19, ní thabharfaínn aird ar bith ar an gcaint sin aige. 3. ~ na fuinneoige 19, spré na fuinneoige. 4. ~ sceiche /j'g'eh'i:/, Tadhg an dá thaobh. ~ sceiche bradach deile ceard dhíonadh sé 24. *Bu dhé an ~ sceiche g'fhear is mó a casu orm aríomh* 24.

leiciméara f. Súdairé (óil) 19.

leicineach f. Rud brúite leactha. *Rinne sé ~ den iasc faoina chosa* 20. ~ a dhéanamh de dhuine 20. *Rud a seasfá air dhéanfá ~ dhó* 20.

leicneach b. 'Mumps'. *Cuire mé an ~ ort le buile!* 24, buailfidh mé thú. *Cuirfidh mise ~ ort!* 20.

leid b. Leathfhocal, nod. ~ ná léargas ní bhfuair duine ar bith beó air an uachta 27.923. *Ffr. lide.*

leidhce f. Duine aineolach gan tuiscint 20. *A ~ mhóir!* 20. *Siad na loecí iad, bhí siad chomh tiugh le turnapa bán* 24. *Tá sé in a loeci chomh mór leis a' 'Laika' go mhada bhí shuas a' mbárr spéire aig Rúisia* 24.

leidhcéara f. Leidhce (q. v.) 20.

leidhíocht b. 1. Simplíocht. *Sén saol a d'arai an loecíocht a bhí a goil go na daoine fadó* 24 caitheann. *Is beag na míoltogai a bhí air ach a' lígean loecíocht air fhéin* 24 feamainn. *Thig sé go math ciod a bhí mé a rá ach lig sé loecíocht air héin* 24 tuigeann. 2. Pleidhíocht, seafóid. *Lig go do chuid loecíocht ach buail amach in do ghratha* 24. . . . *an fear ar aire sé cleasíocht nó loecíocht ann* 27.697.

léig' b. Meath. *D'ime an teach chun léig ansin agus níorbh fhad gur thit sé* 27.275.

léig' b. Land League. *Blian na Léige* 19.

léige f. Léig (tomhas). *Bhí sé ~ uaim* 20, bhí sé i bhfad uaim.

leigide. Buille. . . . *bu géarr go bhfuair mise ~ air*

a' gcluais a chuir a' rince maolach air an urlár mé 27.1437. *Bhí chaon leigide lena dheis orm . . . agus thug sé na legidí céana gon chiotóg dom* 24 ritheann. *Dheoun mórán coinsias a bhí ann agus a' ~ a hug sé isteach air a' gcluais gon ghrabaire* 24.

léim b. 1. *De (dhá) ~, ar an bpoinne, go tobann. Bhí an cás [dlí] hart go ~* 24 crapann. *Chuir siad ceithre cinn sa mála go dhá ~* 27.1071. *Ní dhéanfá dearmad go ~ dó* 27.1453. 2. ~ ligin, léim reatha. *Ní raibh ~ mhaith ligin aig aclaí maith idir í féin agus teach a dreishiúra* 27.368. *Ní ra aon fhear air a' n-imeacht bhí in an a' ~ ligin a chatha go math leis* 24. *Bhí sé mionaf a' caithe ~ ligin* 24. 3. ~ buláin. *Is maith an ~ buláin é* 20, is fada an t-aistear é.

léimtreach. Léimneach 24 boc.

léine b. 1. *Bhí sé caithe dhó ina ~* 20, bhí a shaicéad caithe de aige. 2. *Thiúrfadh sé an ~ a bheadh ar a chraiceann dhuit* 20, tá sé an-fhlaitiúil. 3. ~ mhór 24A, 'oilskin'.

léinscrios f. Léirscrios. *Tháinig ~ orthab* 20. ~ ort! 20. . . . *a' léansgrios a hainic air na muca* 24 muc.

leipe. 1. ~ do chluaise 19, maothán do chluaise. 2. Sprochaille turcaí 19. 3. Eite ar thaobh éisc 19.

leipreachán f. Éan óg gan clumhach 20.

léireach. Léir. . . . *go mbeidh muid críochnaithe uiliug go ~* 20, . . . ar fad.

leisceadóir f. Leisceoir 20.

leisceíocht b. Leisce 20.

léise(e) /l'e:ʃ(ə)/ cón. agus réamh. *Tar éis. . . léise go raibh an oíche flioch* 20. *Léise sin* 20. *Tá sí léis lae* 19.

leite b. *'Phúr agus uisce do pháiste'* 20; *'phúr is bainne a bhru ar a chéile do pháiste, - ní starabout ná brochán é'* 32.

leith b. 1. Cuid. *Rinne sé trí ~ dhó* 19. *Rinneadh cheithre ~ dhó* 20. 2. *I ~, sa méid a bhaineas le . . . atá faitíos orm go bhfanfa (sic) sé ann i mo ~sa* 27.770, . . . nach mise bhainfidh as é. 3. *Ar ~. (a) (Leis an mbr. tá) Ar fheabhas. . . an sógh bheadh aguinn air a tráthnóna breá mar bhí sé ar ~ a siúl hart* 27.113. *Tá an lá ar ~* 24 níonn. *Oi eile sheaca agus beidh an leac-oire air ~* 24 leac-oighre. *Bhí an tranóna ar ~ le breacha* 24 saor báid. (b) *An-dona. Leaba ar ~* 20, an-dona. . . . *bhí sé a báisteach ar ~* 24 leasáinn.

léithe. Galar caorach a lobhann na haenna. *Bhí ~ ar na caoire* 31. *Caoirí ~* 31.

leithead f. 1. *Thug sé ~ a dhrama den bhóthar dhó* 20, leag sé ar an mbóthar é. *Ní bheidh agat ach ~ do dhrama ar ball* 20 (le fear a bheadh santach faoi thalamh). 2. *Buail ~ den aimsir air!* 20, tóg d'am leis.

léithí aid. br.ch. Lia. *Ní ~ fear a bádh ná fear a tháinig saor* 20. *Shf. Ní ~ bealach 'un na coille ná bealach 'un a fágtha* 20.

leithrí. Leithlí. 1. *I ~, de leataobh. Caitheadh i ~* é 20. *Chuaidh siad i ~* 31. 2. *Chuir siad ar ~* é 31, mharaigh siad é.

leitiméara(f) f. 1. Duine díomhaoin fánach. *Ní ra aon leitiméaraí ó Bhala bu mhó ná é* 24. 2.

Slíomadóir, cúlchainteoir bréagach 31. . . do dhearg-rógaire go leitiméar a bhí isteach leis an máistir 27.16.

leitiméarach a. br. 1. Fánaíocht dhíomhaoin. Tá daoine ann a mhaireach a' ~ hart, gan dúil acu 'tootle the fluke' dhíona 24. Deoun mórán fear a gheobhas tú a' ~ ach sgraiste leisiciúil 24. 2. Slíom-adóiracht. Lena gcuid leitiméarach bhí siad in an a ghoil faon máistir fhéin, ní airín na buachaillí báire a bhí faoi 24 péist.

leoste, -tíocht : líúiste, -tíocht.

leoitára f. Pleidhce 20.

leoitéarach b. Pleidhíocht 20.

leon f. Rifineach. Dá mbeadh fhios aige a dá ~ a raibh sé a' caint leo 27.962. Bhfaca tú aon ~ go dhuine ariabh cho mór leis? 24. Tá leoin gon tsórt sin ag imeacht chuile lá sa mbliain agus gon smid amach as a bpait 24.

leor. 1. Ní hé go ~ é 20, ní mórán é. 2. Bhí sé go ~ níos saoire ná Gaillimh 20, . . . i bhfad níos saoire . . . 3. Dhá ~, formhór. Bhí go ~ a ra car-rannaí acu len a dtóirt ann ach bhí dhá ~ nach ra 24 Meán Fómhair. D'fhil go ~ ar ime an m'am ach bhí dhá ~ nar fhil is nach bhfile go héug 24 scarann.

leota : sleota.

leotar f. Rud mór fada, leota. 1. Chuir sé ~ amach ag chuile dhuine 20, chuir sé litir fhada . . . 2. ~ dhá theanga 20, leota . . .

lí b. Dath. 1. ~ lé, níor fhág si isti faoi chaolachaí an tí 24 bailíonn, . . . dada. Níl ~ lé sa siopa acu ach na ballaí fuara 24 ritheann. (cf. lí na léithe atá ag 24 freisin). 2. Líochaí (iol.) D'íompódh sé do líochaí bheith ag éisteach leis 20, thuirseodh sé go mór thú, bheifeá bréan de . . . Stop ag caint is na hiompaigh mo chuid líochaí 19. Bhí mó chuid líochaí caite ag gur comhairle air 20, bhí mé tinn tuirseach . . . Bhí a líochaí iompathe 19 (le faitíos).

liabóg b. ~ leathair 19, fainleog.

liachtaí. Liacht. Ní ~ uair insithe a'm duit é ná ribí lía i mo cheann 19. Cé ~ uair tháinig sé dalta ar meisce 20. Deir siad gur ~ cionál cú ann ná cionál mada caorach 20. Cé ~ uair ó shoin a smaointe mé air an am sin 27.49.

liag (b?). Cnap cruca (ar an muineál, an leiceann, etc.) 20. Tá ~ faoi [at] 20 (áit a raibh dealg faoin méir).

liagáistí (iol.) 1. Sean-ábhar achrainn 20. Ag tar-rainnt anuas sean ~ 20. 2. Seanleaganacha cainte 20.

liagán f. Práta mór. ~ d'fhata 20.

liaichte b. Liaacht. Tá ~ ag imeacht le nádúr an duine 19.

liamhán f. 1. Níl ann ach ~ 20, níl ann ach leisceoir. 2. ~ gréine, siorc de chineál áirithe. Nach é an ~ gréine é 20 (le duine a bhí ag déanamh bolg le gréin). Bhí sé ina ~ gréine 20.

lián f. Na lián cos atá uirthi 19, na cosa leathana.

. . . An dá ~ coise 20. Chomh leathan le ~ 19.

liath aid. Chomh ~ leis an mballa 19 (le duine).

liathacht : liaichte.

liathán f. Breac geal 20.

liathbhán aid. 1. Bó ~ 19. Is ar bhudógaí liath-bhán bhí an t-imeacht 24. 2. Garraí ~ 19, garraí dhá bhliain tar éis dó bheith faoi arú.

liathróid b. ~ snátha 19, liathróid déanta de snáth bhíodh acu ag bualadh báire. ~ fionnaidh 19, liathróid a dhéantaí d'fhionnadh beithigh.

lib b. Puiteach. Thit sé sa ~ uaim 20.

libhéarach : leibhéarach.

libhíl /'iv'il/ f. 1. Aimsiú. Tóig ~ 20. Bhí ~ maith aige 20. Níl aon ~ a rath aige 20. 2. Déanfaidh sé ~ d'Éirinn 20, scriosfaidh sé . . .

libhileálan /'iv'il'a:lən/. Aimsíonn. Libhileáil sé é 20.

libín f. 1. Droch-éadach. Níl ann ach ~ éadaigh 19. Níl air ach libíní 19. Nach dona an ~ sin ort 19. 2. Luideog. Rinne sé libíní dhe 19.

lide f. Deis. . . feabar deis nó lide a fuair sé air chat na bhFághartaí, bhain sé géitse as 27.450. Ffr. leid.

ligean f. 1. Fad áirithe chun tosaigh ar dhaoine eile ag tosú ráis. Meireach a' ligeann a fuair tú ní ghrútha an rása 24. Cé mhéad slat a fuair tú go ligeann? 24. 2. Ruathar. Rith sé faoi go ligeann go mbuailleach sé é 24. 3. Léim ligin, léim fhada (agus rith roimhe). Ná bac leis an aoirde go léim a cha sé ach goillí [gabh i leith] go bhfeice tú an léim ligin atá caite aige 24 aoirde. 4. Timpeall i rása. Bhí sé a' rithé wofa, mar déará leis, air a ligeann deire 24. 5. Cuma fáis. Is minic a tugu ar ghrabaire tacúil déanta é nach rabh aon ~ méid faoi 24 altachán. Beithíoch trom nach mbeadh ~ faoi 20. 6. Saoirse scóipiúil agus teaspach dá réir. Tá ~ faoi dhaoine óga anois 32. 7. Deis, seans. Fuair sé ~ maith air 20. Dhá bhfaigheadh sé ~ air, is gearr go mbeadh sé aige 20. Ní thugtaí aon ~ dhom 20, ní thugtaí aon deis (chainte) dom. 8. Nod, leid. Fuair mé ~ beag faoin scéal roimhe sin 20. 9. ~ amach, pleanáil, intinn i dtaobh rud. Shílfeá de réir mar bhí a ~ amach fhéin, go ndéanfadh sé chuile shórt 20. Sin é an chaoi a raibh a ~ amach 20. Bhí an-~ amach aige 20. 10. ~ eangaí 20, oiread eangaí is a d'fheifeadh. Ceannóidh mé ~ eangaí 20.

ligeann. 1. ~ amach. (a) Cuireann ar siúl. Is ann a ligtear na rástaí báid lá an Regatta amach chuile bhliain 27.900. (b) Tugann amach. Bhfuil 'dole' á ligeann amach i Meireacá? 20. 2. ~ anuas, maraíonn. Bhí marc leaca air a leithide seo go mháistir a rabh an-droch cháil air gur fheil é a ligeann anuas 24 titeann. 3. ~ ar. (a) Ag ligean graithe air fhéin 20, ag ligean air féin go bhfuil cúraimí tábhachtacha air féin, ag déanamh gnótha nach mbaineann leis. Fear a bhí ag ligean a dhá dhíol graithe air fhéin 20. (b) Lig mé ar an méir is faide é 20, chuir mé siar é is d'fhág mé gan déanamh é. 4. ~ chuig. (a) Ligeann chun cúplála le. Bhí stail go phóiní aige agus bhí sé ráite go raibh sé dá ligeann chuig láir asail chomh maith le póiní 27.1150. (b) Tugann leid i dtaobh. Siad na Black and Tans a bhí sé ligeann chugam an uair sin 27.882. Níor lig sé tada chugam 20, níor thug sé

aon eolas dom. (c) *Lig agat an scéal go n-insí mise dhuit* 20, fan ort go n-insí . . . *Lig agat fhéin an scéal* 19, éirigh as an gcaint sin. (d) *Go lige Dia do shláinte agat!* 20, go bhfágá Dia . . . (e) Tugann do. *Lig mé tae chuige* 20. *Ligeadh chuige é* 20, tugadh síteán dó. 5. ~ faoi. (a) Eiríonn ciúin (le duine). *Tá sé a' ligeann faoi sa deire, tá an aois a' breith bua air* 24. (b) *Ligeadh faoin scéal roimhe sin* 20, tugadh leid . . . 6. ~ i. *Ní mó ná go ligimse i mo cheann é sin* 24, . . . bhfuil mé sásta smaoinicim air sin mar fhírinn. *Níor fhéad mé ríomh . . . ligean in mo cheann go bhfuil sin fíor* 24 nead. *'Níor lig mé isteach in mo chroí' a deir sí 'go ra an bás air nó gur aire mé an sian . . .'* 24 allas. 7. ~ isteach le. *Is fearr gan thú a ligean isteach le do pháirtí* 20, . . . gan ligean do do chárta a bheith ar an gcárta is fearr nuair a bheidh do pháirtí le himirt. 8. ~ le. (a) Nochtann é féin. *Tá an t-uisce goil síos go mór, tá an trá a' ligean leis* 24 trá. (b) ~ leis féin, éalaíonn. *Lig sé leis fhéin as an áit* 20. *Lig sé leis fhéin chomh fada le tigh Ned* 20. 9. ~ ó. *Ná lig ón méar!* 20, ná lig na cártaí as do lámh go n-iompóidh tú cárta maith a ghnóthóidh cúig duit (focal a deirtear le fear na roinnte). 10. ~ suas, lígean (do ainmhí) fás (é a choinneáil gan a dhíol). *Ligfidh muid suas iad* 19, coinneoidh muid iad [laonta] go mbeidh siad fásta. *Bíonn sé a' ligeann suas a chuid laontaí air fad* 24. *Ní ligtear chuile bhodóg suas ina bó* 24 bodóg. *Seanghé bhí le lígean suas* 31, í á coinneáil lena cur ar gor. 11. ~ thar. (a) Fanann go n-imíonn thart. *Lig mé bruth an lae tharam* 20. *Ligfidh mé néal tharam* 20, codlóidh mé néal. (b) *B'fhéidir go ligfed thar an am é* 20, b'fhéidir go bhfágá é go mbeadh sé ró-dheireanach le freastal air.

límear *f.* Pasáiste caol idir dhá bhalla íseal a dtarraingeofaí capall isteach ann, le go bhféadfaí ualach a chur uirthi, nó le go bhféadfadh bean a dhul ar marcaíocht uirthi 20.

límistéar *f.* An raibh a ndóthain límistéir agaibh? 19, an raibh bhur ndóthain áit agaibh le suí síos.

líneáil : líonán.

lín¹. 1. *Le ~ dhób tosaí ag obair* 20. *Nuair a bhí sé le ~ imeacht* 20. 2. *Má thagann sé i mo ~ go deo déanfaidh mé an oiread sin dó* 19, má thagann an deis chugam . . . *Nár thaga muid ina ~!* 20, ná tarlaíodh sé go mbeadh deis acu orainn, go mbeadh muid ag brath orthu.

lín² *b.* ~ ghorm 20, láib fhliuch shalach in áit a bheadh ag coinneáil uisce nó i ndraein.

lín³ *b.* Loinnir. *Tá ~ rua ag imeacht inti* 20 [sa ngruaig], tá briseadh rua . . . *Bhí ~ feirge ina dhá shúil* 20.

liob *b.* Leadhb. 1. Píosa fada. *Chuir sé ~ de theanga amach fúm* 19. 2. Iasc mór fada. *Thiúrd líobracha bradáin orthu* 27.1072. *Dá bhfeiceá na ceithre ~ go bhradán a thóig siad sa líon-sheasta air maidin* 24. *B'íontach a' ~ go liús a chonaic mé mara* [maraithe] *ag fear ó'n mbaile bouta* 24. *Líobracha eascaim nach bhfaca tú a leithide marbh ariamh* 24 uisce.

liobaireacht *b.* Caint sheafóideach mhímhúinte. *Dúru leis a' té a bheadh a' ~ chainte a bhéul a dhúineadh agus a chuid seafóid a chaitheamh woe* 27.1460. *Níor h-aithne [thaitnigh] a chuid ~ líom ro-mhór* 24 cuireann. *Nach air a bhí an ~ dhá rá!* 24.

liobairt *b.* Íthe tréan. *Bhíodh ~ air bhuilíní an Róiste an uair sin agus slogadh ar leann dubh* 27.761.

liobar *f.* 1. Liopa na cluaise. *Tá craiceann an liobair géaraí* 24. 2. Písín beag. *Feamainn dubh! Níl aon ~ ann* 20. *Níor fágadh. ~ gruaige air* 19.

liobrach *aid.* Giobalach. *Éadaí liobarach bhí air fad orú* 24.

liobrachán *f.* Duine sraoilleach giobalach 20.

liocann. Leacaíonn. 1. *Tá mé lioctha i mo shuí ó mhaidín* 19, tá mé stramptha . . . 2. *Tá sí [balscóid] lioctha* 20, tá sí traoite.

liochán *f.* Beagán féir le n-íthe, go háirithe féar ag tosaí ag fás. *Sin é an liachán a chuireadh bail ar na huain anois* 24. *Bíonn an-tóir aig beithí agus caoire aig iche an liachan sin* 24. *Tá ~ deas milis acub ann* 20.

liocht. *A liocht, a shliocht. Beidh a liocht ort* 20. *Ffr. éileacht.*

liodrálann. Líonn. . . *líodrálach sé le na theanga é* 24 líonann. *Is ort atá an líodrál* 20. . . *líodrál sí le na teanga an áit a chuir a' luch an fhiacail ann* 24 easóg. *Bhíodh sí cho milis is go líodrál do mhéaracha na diaidh* 24 muicfheoil.

liofa *aid.* . . . *é an- ~ ina ndia* 20, é [cat] an-scioptha is díocasach ina ndiaidh [lucha]. *Tá sé ~ ag [chuig] mná* 20, an-tóir aige orthu.

líomáinte *f.* Líomóid. ~ breá 20.

líon¹ *f.* 1. Treibh, bunadh. *Bhí sé ráite go raibh trí ~ go na Proinsiasaí ann, P. an Locháin, P. Ghoir-tín Aoi, agus P. na Páirce* 27.154(A). 2. Clann. *Sgap a' chéad ~ nuair a phós a' t-athair ath-uair* 24. 3. Glún daoine. *Sa ~ a rabh mise ann níor blaodh a' sloinne riamh orrain* 27.10. 4. Ál. *Is iomaí gé bheirinn dhá ~* 24.

líon² *f.* Eangach. ~ tharraingte 24 báille, líon a tharraingítear ar íochtar. ~ cleithe 20, líon a bhfuil cos as.

líonán¹ *f.* 1. Líneáil 20. ~ mo chóta 20. 2. Sraith, bréidín. *Tóigfidh sí ina líonánchaí é* 20. *Bhí líonánchaí feola air* 20. *Tá sé ina líonán as cionn a chéile* 20.

líonán² *f.* 1. Duine mór liopastach leiscitúil 20. 2. ~ múta, id. *Tá tú ansin i do ~ múta* 20. (Glíomán múta freisin 20).

líonann. 1. Tagann isteach ina phlód. *Bhí na daoine ag líonadh ann* 20. *Sin é an áit a líonfaidh an t-iasc* 20. 2. Stuáilann. *Líon mé an t-éan* 20. 3. *Tá an béal líonta aici* 20, tá na fiacla ar fad fásta aici [capall]. 4. *Líonta, líonta le fearg. Bheitheá chomh líonta acub* 19. *Sé an chaoi a raibh sí líonta* 20. *Chomh líonta le mála píobaire* 20, . . . *le pocaide* 19 (le fearg).

líonraíonn. Scanraíonn. *Líonraigh siad* 20. *Bhí na cailíní líonraithe* 20.

liopa : leipe.

liopaireacht *b.* Caint achrannach, sciolladóireacht.

Tá fear eile freisin ann nach labhairneann árd ach a gcónaí a' spíochadh agus a meabhru anachain ina chuid ~ chainnte . . . Cuirfhi mise an ~ air a ghoile dó 24. Leithide go ropaireacht agus go ~ níor chuata mé aríomh 27.102.

líosa *f.* 1. Clár greamaithe treasna ar dhoras 20, 24.

~ *uachtair*, ~ *íochtair* 19. 2. Clár neartaithe ar an tslat boird nó an maide rámhá 24. (*Líosa* a deir 24. *Líosa* a scríobh anseo aige tré dhearmad). *Air áit an iomradh air a tslatbhóird teigheann líosa g'adkmad maith a' choinneós a' maide rámhá ó [bheith] dhá caitheamh, agus dhá phoul totha le tarathar sfos thríd a' líosa agus a' tslatbhóird lena crugai a choinneál 24 bád. Bíonn ~ air áit an iomradh ar na maidí rámhá chomh maith 24 bád.*

líosta *f.* Líosa (*q.v.*) 20.

lispil, lispín. 'Linchpín' 20.

litéar *f.* 1. Ábhar leaba beithíoch. . . . *dream a bhí a' caitheamh amach báid litéir mar burbh é sin a' t-am gon bhliain ba ghnáthach leo an ~ a bhaint agus a thabhairt abhaile 27.1382.* 2. Puiteach. *Bhí ~ ann 20. Tá an áit ina ~ 20.*

liú *b.* Lí, dath (ar dhuine). *Tá ~ an bháis air 19, 20. Bhí ~ bhúf air 20.*

liú *f.* *Bhí ~ cainte i gcónaí air 19, bhí neart cainte i gcónaí aige.*

liúdránaí *f.* Liúdrámán 20.

liúiste *f.* Duine fada leisciúil 20. *Nach thú an ~ sínte ansin! 20.*

liúistíocht *b.* Leisceoireacht 20.

liúitar /l'u:ɪjɪn/ *f.* Liútar (*q.v.*) 20.

liún *f.* Leamhan (a itheann éadach) 20.

liúnacht *b.* Leamhnacht, bainne úr 20, 31.

liúrach *b.* 1. Lata sa gcurach. *Cloigeann na ~ 20. 2. ~ de bhean 19, bean mhór ramhar.*

liútáil *a. br.* *Á ~ 32, á dhúnadh le liútar.*

liútar *f.* 'Luting', taos a dhéantar de phlúr is de mhín choirce le caipín an phota stíleach a aerdhíonadh 20.

ló : lá, loiseac.

lobhálan. Ceadaíonn. *Tá an teach lobháilte dhó 20. Is deabhallaí gur lobháladh dhó é [pinsin] 20.*

lobhann *br.* 1. Fágfar istigh é go lobhfaidh a chnámha 20, fágfar [sa bpríosún] é go gcaillfeair é. 2. *Sé'n chaoi a raibh sé lofa leób 20, . . . lomlán leo [le scéimeanna].* 3. *An lobhadh bán 20, galar ar na prátaí.*

locadóir *f.* Loiceadóir, leisceoir 19.

locadóireacht *b.* Loiceadóireacht 20.

Loch Éirne *log.* *Bhí tú l'aghaidh an 'summons' fháil, ní ghlanfhadh uisce ~ thú 27.67, . . . ní ghlanfhadh rud ar bith thú. Ní shaorach uisce ~ thú á mbeiri ort á súil héin ní airtim a' gearra ámaid 24 camán. Ní shaorfhadh uisce ~ mé nach le mo chionta féin a thárla sé 27.1501.*

locht *f.* Deabhal blas loicht air 20, níl aon locht air. *Dhiún flotar loicht air 20. A. Ag iompú feamainne bhí mé. B. Níl ~ air 20, obair mhaith í sin. Is beag an ~ í 20, tá sí go maith. Bhí sé mar bhí sé is ní raibh sé gan ~ 20.*

lochtú *a. br.* *Ní ag ~ grá Dé é 20* (focal a déarfai tar éis rud nó duine a lochtú).

lochtúil *aid.* Tugtha do bheith ag lochtú 20.

lód *f.* Cliabh mór 20. *Ag iompar lóid 20. A [ár] gcuid lóid orainn 20.*

Lodairne. *Mac Uí Mo ~*, an duine deiridh ag teacht, an duine is measa de dhream. *Níl a fhios ag Mac Uí Mo ~ tada 19. Anois atá Mac Uí Mo ~ ag goil sfos 19.*

lofar *f.* Ábhar lofa. *D'iosfadh sé chuile ~ 20.*

logán *f.* ~ *na brád 20*, an 'gleann' beag sa muineál. *Go dtí ~ do bhráda 19. ~ sa leiceann 20, 'gleann' sa leiceann (ag duine tanaf). ~ na súile 20, an gleann beag as cionn súil an chapail.*

logar *f.* Duine nó ainmhi mór ramhar. ~ *de bhó mhór 19. ~ de bhean 19.*

loiceadóir, -eacht : locadóir, -eacht.

loicín. ~ ~! 19, agall ag glaoch ar chaoirigh ag iarraidh iad a chur isteach bearna nó a loiceadh.

lóidéarach *b.* Iompar lód ar an droim. *A' ~ sé lá na seachtaine air sgilinn sa ló 24. Siad na mná a chathadh a' ~ sin a dhéana 24 cliabh.*

lóidéaraí *f.* Fear déanta lód (*q.v.*) 31.

loigidín. Tamall (níos faide ná bheadh súil leis). *Chait sé ~ ann fanacht leis 20.*

loilíoch *b.* ~ *na huibhe 20* (ainm barrúil ar an gcearc a bheadh ag breith).

lóin : ladar.

loine *b.* Maide buailte an bhainne. *Nár thaga súf ar do ~! 20* (focal magúil le rá le fear a mbéarfai cúpla dó).

loineáil *a. br.* Bogadh na cuinneoige leis an im a thabhairt in uachtar 20.

loinnir : linnir.

loirgneach. Cineál eascainne locha, eascann chochaill. *Déarfadh siad gur ~ í 20.*

loiseac *f.* Luiseag. 1. *Le (mo, etc.) ~*, fad a mhairfidh (mé, etc.). *Ní thiocfaidh sé aríst lena ~ 20, . . . go brách. Le do ló ná le do ~ 20. Ní thiúrfaidh mé dhó aríst é le mo ló ná le mo ~ 20. Éalann air lena ~ 20. 2. Dhiún lá ná ~ a thug sé dhom 20, deamhan lá oibre . . .*

lóistíneacht *a. br.* Fanacht i lóistín. *Ag ~ in éineacht 19.*

loite : lotaithe.

lom *f.* 1. Áit lom. *Níl aon cheo sa ngarraí sin ach an oiread is tá ar ~ an urláir sin 20. 2. 'Corp' (mar fhocal triese). *Is orainn a bhí ~ a' mhíadh a géilleadh dhíobh 27.285. Go mo ~ buíochas chuir siad sine maith láimhe orm 27.273. Deir mé leis nach ra mé a chuartú ach banamh amháin agus go mo ~ buíochas bhí sé a' cuir a' phéire orm 24 péire. . . . ach d'ime sé [capall] na dhia sin go mo ~ buíochas 20 coinníonn. Réis do ~ míle buíochas bhainfheadh na cosa go chuid acu 27.1310.**

lom *aid.* 1. Gan aon ghruaig. *'Deoul ribe air' a déaras duine, 'ach a bháithis cho ~ le tóin a' phláta' 24 plait. 2. Gan aon tonnta. *Gála mór is farraige ~ 20. Farraige ~ 19. Chomh ~ leis an uisce 20. 3. Gan aon trácht ná bacainní. *Tá an bóthar ~ anois aige 20.***

lomaíste. 'An ~' a thugadh an seandream air taobh istí don dá mhíle agus 'an limistéar' air na bailte beaga an taobh amui dó 24. Na bailte a bhí taobh amui gon ~ a bhí dhá dhíol 27.1204.

lombard. Fata lombaird, 'lumper', cineál práta. Bhí an putach beag óg a bhí sa teach agus gan oiread fata lombaird ann san am . . . 24 scarann.

lomchaite aid. An-tanaí. Duine ~ 20.

lomcheirteach aid. Ar bheagán éadaigh, agus é sin féin ina cheirt. An chóir a bhí ann in mo lá, ocrasach agus ~ ó bhliain go bliain 27.48.

lomchiunte aid. Dearbhchinnte. . . . d'fhéadadh bhe lom chinnte dó gurbh í a bhí aig chuile choistiméar 27.693.

lomchlár. 1. Doir brí ~ an domhain! 20 (mionna). **2.** Gurbh í ~ chraiceann na ffrinne a bhí aige 27.1464.

lomchraicneach aid. Le craiceann rite 20.

lom-éadach f. Éadach réchaite. . . . ach le ~ a bheadh dá choinneál nighte agus glan 24 pineáilte.

lomlán /'lu:má'la:n/. Bhéarad lomadh lán a leabhair gur le buile a bheadh sé nuair a chuireadh sén raise sin as 27.675.

lomra f. Tá ~ fíósóige air 20, tá féasóg fhada thiubh air.

lomsamhartha aid. /'lu:m,sgaurhə/. Tanaí, ainnis ag breathnú (le duine, éadach, bád, etc.). ~ ina chuid éadaigh 19.

lomta aid. bhr. 1. Glanta ó scamaill. Bhí an spéir ~ amach 20. **2.** Scriosta. Tá an scríbhneoireacht ~ uirthi 19, tá an scríbhneoireacht scriosta uirthi (ar leac).

lonáil a. br. Loineáil (q.v.) 20.

lonnadh f. 1. Corraí sa bhfarráige lena mbeadh maidhmeanna beaga. Tháinig ~ faoin mbád 19. Tá ~ sa bhfarráige 19. Tháinig ~ beag sa bhfarráige. **2.** Bruíos beag gaoithe. ~ deas gaoithe 20.

lonnadóireacht a. br. Fanacht, cur faoi. Bhí sé sin ag ~ thart ann le fada an lá 20.

lorg f. 1. Ar ~ a chéile, ní ndiaidh a chéile san áit amháin. Tá fataí goil anois ann air ~ a chéile le mo chuimre 24. **2.** Loirg an deabhail dhó! 20 (eascaine).

lorga b. 1. Cois stoca. Deabhal blas orm ach an ~ 20. ~ an mhiotáin 20. **2.** An chuid de cheap an ghréasaí idir an bhos is an tsáil 20. **3.** Loirgní breaca 19, iompairí chun creidimh Phrotastúnaigh.

lorgán f. Limistéar. An ~ tíre seo 20. Is ait an ~ féir é sin síos 20 (le cúpla garraí).

los f. Cac. ~ an bhaile, cac an duine. Cuir ~ an bhaile leis 20 (mar leigheas ar lot). Dá gcuirfí ~ an bhaile leis 20.

losadóir f. Losaí (q.v.) 20.

losaí f. Leadaí leisiciúil 20.

losaíodóireacht b. Liúndramántacht, leisceoireacht 20. Is ort atá an ~ 20.

loscadh f. 1. ~ sáile 20, tinneas craicinn ó bheith ag obair sa sáile. **2.** Ag ~ Béarla 20, ag spalpadh Béarla. **2.** Bualadh. Tiúra mé lusca dhaobh mar bhfana sibh socair 24. **3.** Tá ~ na ladhar faighte aige 19, tá droch-íde faighte aige. ~ na ladhar ort!

19 (eascaine).

lota f. Lochta. Stuaic an lota 20, an chuid is faide amach den lota.

lótáil a. br. Ag ~, ag siúl go mí-stuama 19.

lotaithe aid. bhr. Loite, gortaithe 20.

lú' 1. Soitheach an lao, an tsearraigh 33, 20. ~ an chapáil 20. ~ na bó 20. **2.** . . . go gcuirfidh tú do ~ amach 20, go gcuirfidh tú thar t'fulaing thú féin ag obair. Bhí sé ag cur a ~ amach ag gáirí 20.

lú' br.-ch. Ba é an rud ba ~ dhó a thíocht 32, ba é an rud ba lú a bheadh súil a dhéanfadh sé a theacht.

luach f. 1. Níor hug siad ~ a shlainte g'aon fhear ariabh 24 oibríonn, níor thug siad pá dó a chúiteodh é ar an strus a chuirfeadh an obair air.

2. Ina ~. (a) Fairings agus ar phraghas réasúnta. Bhí bia agus deoch in a ~ san am 27.95. Bíonn a' deoch in a ~ a' lá sin 24. Ní deacha aon nduine air a bhéul agus fuair sé na ~ é 27.616, níor thairg duine ar bith níos mó airgid air agus fuair sé ar phraghas réasúnta é. (b) An lá ina ~, gan mórán de a bheith caite, é a bheith luath sa lá. Bhí an lá 'na ~ agus ní raibh aon deifir orrain 27.368.

'Deoul ar miste liom' a deir mé, 'atá an lá go breá agus é ina ~' 27.1219. Nuair a bhí an lá na ~ bh'feárr linn cuma bhreá a bheith air! 27.80. **3.** Tá sí déanta suas ina ~ pinneachaí 27.80, tá sí gléasta in éadach nua costasach.

luadar. Ladar ná ~, cur isteach. Ní bhuaíl mé ladar ná ~ in a ngratha 24.

luadarán f. Bhí ~ pósta faoi 20, bhí snafach pósta faoi.

luaidreáil a. br. Imeacht thart go luaineach is go díomhaoineach. Ag ~ ó áit go háit 20. Níor rinne tú blas maitheasa ach ag imeacht ag ~ 20.

luaidreán a. br. Luaidreáil (q.v.). Ag imeacht ag ~ 20.

luainneach aid. 1. Corrthónach. Chomh ~ le cearc a mbeadh ubh aici 20. **2.** Briomhar. Tá a mheabhair 'sa chuimhne is a chaint chomh luainneach fós aige le am ar bith ariomh 24 ladar.

luainneáil a. br. Luain 20. Dhiún blas a bhí mé a dhíonamh ach a ~ thart 20.

luaith b. Fuilleach ábhair dhóite. **1.** ~ ghraifaidh 20, luaith de thoradh béiteála (mar leasú). **2.** Ní raibh ann [sa bpiopa tobac] ach an ~ ghorm 20. Thug sé an ~ thríd 20, chaith sé ar fad é [tobac] go fiú na luaithe. **3.** ~ an Domhnaigh. Bhí sé go mhéis [bhéas] ag na sean ndaoine luath an Dónai a chuir air bheithí is air ghouna beaga a mbíodh míola iontu 24.

luaithreamhán f. Luaith a dhéanfadh corp an duine, de bharr dóite nó sa chré. Níor fríomh a' ~ fhéin na ndiaidh air an áit ar dóigheadh iad 24. . . . uath [uaigh] nach fosclu le fada . . . síos air a tóin an chréafóig is deise . . . 'na mairbh' a hugach na sean-ndaoine eiri 24. Tá sé ina ~ 20, tá sé (caca) dóite.

luar. 1. Ní ~ le, ní lú le. Ní ~ liom an deabhal ná ghoil isteach ann 20. Níor ~ liom an sioc ná thú 19. **2.** Is ~ le mná tí ná píosa den deabhal . . . 24A, is measa le . . . Ba ~ liom ná an sioc é 20.

luas f. 1. *Déan ar a* ~ é 19, . . . ar an bpointe é.

2. *D'imigh sé le* ~ *cos* 20, . . . agus é ag rith go mear. *Ag rith le* ~ *cos* 20.

luasacán : lúscán.

luath. 1. *An dá* ~ , chomh luath agus. *An dá* ~ is tháinig sé isteach, *bhuail sé fúipear ar an mbord* 20. *An dá* ~ *bheas siad réidh*, is dóigh go dtiocfaidh siad 20. 2. *Shf. Ní* ~ *nach fearrde* 20, dá luaithe is ea is fearr. 3. *Tá an clog sin* ~ 20, tá am níos deireanaí ná an t-am ceart á thaispeáint aige. 4. *Chomh* ~ *le cú*, . . . *leis an ngeath Mháirta* 20.

luathintinníúil *aid.* Luathintinneach 32.

lúb b. 1. (Le cneiteáil) ~ *chorrach* 19 (= ?). ~ *aerach* 19 (= ?). ~ *iontaithe* 20, 'purí'. 2. ~ *stéig*, brí, cumas corraithe. *Níor fhan* ~ *stéig ionain a'* *goil air ais le fáil* 27.588. *Níor fhan* ~ *stéig ionam leis a'* *gceatha agus a'* *cronna a bhuail mé* 24 *cúramach*. Is *fontach a'* *t-ocras a bhuail mé níor fhág sé lúb stéig ionam* 24 *ocras*. *Níl siad* [scoilteacha] *a'* *fágáil* ~ *stéig ionam* 24. 3. Cumas lúbtha ailt. *Tá* ~ *na méire caite aige* 24. *Tá* ~ *na huilline cáilti 'gut in uair sin* 24.

lúbach *aid.* Lag. . . *a chuid páistí lag* ~ 24 *buailéann*. *Fágú lag* ~ *ar a cúram iad* 24.

lúbairín. Lúbainn clái 20.

lúbán f. 1. Scolb lúbtha. *Nuair a bhíos a'* *tuighdóir a'* *cuir a'* *lúbáin ag obair*, *teannann sé le builí go mháiléad í* 24. *Sé an* ~ *fháisgeann na scoilib* 24. 2. Lúb le cnaipe a dhúnadh. *Cnaipe gan* ~ , rud gan mhaith, dada. *Ní bhéarainn cnaipe gan* ~ *air a'* *ngoirteamas hainic atrú* 24 *goirteamas*. 3. Lúb ar mhíotan leis an ordóg a chur amach ann 19.

lúbann br. 1. *Bhí mé lúbtha faoi* 20, bhí mé in arraingeacha ag gairí faoi. 2. *Lúbfaidh mise an tsleit ort* 20, buailfidh mé thú.

lúbarnail a. br. *Bhí mé ag* ~ *ag gairí* 20.

luch /lox/ b. 1. Francach. *Tá cour mhada tofaí a'* *marú luchain* 24. 2. *Luchain dhearga* 20, bainbh tar éis a mbeirthe. 3. ~ *áil*, banbh deiridh áil. *Spreais de* ~ *áil atá annsin* . . . agus *sí atá a'* *dóna an tochailt sin air fad* 24 *tochailt*. *Catha sé gur beo* [gur 'eo] *í an luch áil mar níl oiread dá méan* [oiread áirméan] *inntí* 24. 4. *Ní ligfeadh sé* ~ *as poll ná deabhal as Ifreann* 19, 20 (le drochlá báistí).

lúcháir, -each : lufáire, -ach.

luchtaíl /loxdi:l/ b. Luchtanna. *Ag díol* ~ *mhóna* 20. ~ *mhóra ronnach* 19.

luchtúil /loxdu:l/ *aid.* Luchtmar. Is *deabhaltá* ~ *an ghloine í sin* 24. *Bróig an* ~ *í* 20.

lúd f. Lúth. . . *ó chúl sé an* ~ *ins na méaracháí* 24. *Tá sé a'* *caile an lúid ar fad* 24. *Chaill sé* ~ *na gcós* 20. *Ní raibh* ~ *ná láthar ann* 20. *Ffr. lúid.*

ludar f. *Tá* ~ *éicint faoi* 20, tá deifir éigin air ag imeacht.

lúdracháí *iol.* *Cliabh a bheadh ó* ~ 20, . . . ag titim as a chéile. *Tharraing sé amach as a* ~ *é* 20, tharraing sé é (crann) amach as an talamh agus thug sé na préamha leis. *Cuireadh dá* ~ *é* 20, craitheadh go maith é (teach) ag an stoirm. *Bhuail sé ar* ~ *a ghéill* é 20.

luf f. Gaoth láidir nach mairfeadh an-fhada. ~

gaoithe 19. *Lufal gaoithe* 19.

lufáire a. br. Lúcháir 20. *Ag* ~ *roimhe* 20.

lufáireach *aid.* Lúcháireach. *Maidín* ~ 20.

lufáireacht a. br. Déanamh lúcháire. 1. *Bhí sé ag* ~ *roimhe* 20. 2. *Bhí an mada ag* ~ *liom* 20.

lufar. Bhí ~ *lafar ann* 20, bhí fuíoll na bhfuíoll ann.

lulgán f. Piosa de phráta a fhanann tar éis na sciolláin a ghearradh as 19, 20.

luí f. /lai/ 20, 32, 19; /li:/ /li:w/ 24. 1. *Sfh. Níor rinne an* ~ *fada bréag ariamh* 20, má bhíonn duine ina luí tinn le fada is cinnte go gcaillfear é. 2. ~ *fa.*

(a) An luí a dhéanann ceare tar éis ubh a bhreith. *Bíonn* ~ *fa uirthi* 20. *Bíonn* ~ *fa ar an gcearc agus í ag imeacht ag grágáil* 20. (b) *Suidh síos nó cuirfidh mise* ~ *fa ort*, leagfaidh mé thú. 3. ~ *heig* (< chuige). (a) (Le bád) *Tá sí ar a* ~ *heig* 20, . . . stoptha cheal gaoithe. (b) *Tá sí ar a* ~ *heig* 20 (le clog a bhí stoptha). (c) *Cuirfidh mise* ~ *heig ort* 20, buailfidh mé thú. (d) *Tá sé ina* ~ *heig fós* 20, tá sé fós ina luí gan éirí as an leaba. (e) *Tá sí ar a* ~ *heig* 20, tá sí ar a luí seoil. 4. ~ *leoin*. *Cén sórt* ~ *leoin é sin ort!* 19 (le duine a bheadh sínte siar ar a bholg dó féin). *Tá sé ansin agus* ~ *an leoin air* 19. 5. *An* ~ *mór*, síneadh siar go compordach. *Is deas é an* ~ *mór* 20. 6. *An* ~ *muice*. *Is deas é an* ~ *muice* 20, an luí breá compordach. 7. ~ *seoil*. *Tá* ~ *seoil déanta a'd* 19, tá tú i do luí le fada. *Cuirfidh tú* ~ *seoil orm* 19, cuirfidh tú tinneas orm.

8. *Faoi* ~ *na gréine*, ar domhan. *Níl a leithide faoi* ~ *na gréine* 20. *An mbeadh a fhios ag duine ar bith faoi* ~ *na gréine* . . . 20. *Ní raibh aon fhear faoi* ~ *na gréine* . . . 20. 9. *Níl a fhios agam cén* ~ *a bhí aige air* 20, . . . cén leagan a chuir sé ar an scéal. *Níl a fhios agam cén leagan a chuir sé air ná cén* ~ *a chuir sé air* 19. 10. Éadan ar chloch. *Tá luíomh an-deas air a'* *gloch seo 'oe í leagan sa mballa* 24. 11. ~ *le*, cur le (geallúint). *Níl blas suim acu a'* *gealladh dhuit go dtiocadh siad leat* . . . agus gan go luí acu le na gcuid cainnte chun oiread leis 'a bpréachán ar a gcrann 24 geallann. *Ní raibh* ~ *acu leis* 24A, níor chomhlíon siad an gealladh.

luían f. Giodán glan sa chreig nó sa choill. *D'fhág siad ar* ~ *beag bán í* 24 *corraíonn*. *Gan iad a fáil lag ná* ~ *a leagadh siad na cléibh aoilí ann* 24 *preabán*. *Ghrá a bhe í gcóngar an uisce seadh bhaile siad hart air aon* ~ *amháin in[a]* aice 27.132. . . . *bhí siad a'* *spóirt leofa go deas dhaof fhéin hart ar a'* *laoián céana a raibh siad a chéad uair, tamal amach ó bhéal a'* *phrocais* 24 aireach.

luibh b. 1. ~ *na maifí seang* 20, 'Euphorbia peplus'. ~ *an tsodair* 20, (?) (thugtaí sú na luibhe bruite do bheithigh). ~ *an uisce fula* 20, ~ *an mhúin fula* 32, luibh áirithe a leigheasann a sú an mún fola. 2. *Bean na luibhe* 19, cailleach feasa.

luibhre. Chuimhreach féasóige. *Tá* ~ *féasóige air* 31. *Ffr. luibhriúch.*

luibhriúch /levr'u:x/, /laivr'u:x/ f. 1. Fionnadh ainmhi. *Bhain capall lán a bhéil go leobriúch as capall eile* 24. *Is deas an loebriúch tá ar na laonta sin* 24.

2. Luifearnach. *Tá loebriúch mór a'* *fás sa gcur* 24.

lúibín b. Loca beag i gcúinne páirce. *Is beag a'* ~ *a*

bheadh déanta agut a choinneódh leathscór caorach 24. Tá an saigheas sin lúibíní caite suas anois mar níl na caoire ann 24.

lúibinn *b.* Lúbainn (*q.v.*). ~ an chlaidhe 20.

luid *b.* Bean mhór ramhar, neamhurchóideach i gcosúlacht. *Is breá an ~ í 20. ~ mhná 20.*

lúid *b.* Lúd (*q.v.*). *Ní raibh ~ ar bith ann 20. . . . ní cháil mé ~ na méara 24 léargas. Ní raibh aon ~ ann 20. (B'fhéidir gur lúid ba chearta a scríobh sna samplaí ó 20 sv. lúd, tharla gur roimh *n* leathan atá siad, agus gur leathan a bheadh an -d sa suíomh ó chomhshamhlú).*

luidear *br.* Chuadar. (Sa véarsa seo amháin).

Loirgní breaca is cosa buí arda

~ don Spidéal ag piocadh na mbairnigh 19.

luidín 1. Róipín sa srathar a gceanglaítear an tiarach leis 20. 2. *Caillfidh sí ~ 20, caillfidh sí ionlaos (le bó a mbeifí á tiommaint róthréan).*

luifearnach *b.* Prátaí beaga, faochain bheaga. *Níl iontab ach ~ 20 (le prátaí). ~ faochan 20.*

luifin. *Tá ~ ag tíocht ar an gcaillín ó bhíonn sí chúig déag 19, . . . snafach pósta . . .*

luifineach. *Bhí ~ pósadh faoi 19, bhí fonn pósta air, snafach pósta faoi.*

luinipéarach *a. br.* *Bhí sé ag ~ thiomhall air 19, ag imeacht timpeall air.*

luíochán /laixa:n/ *f.* *Chuir mise ~ bliana ar an mbithiúnach 20, bhuaill mé oiread air is go mbeidh luíochán ar feadh bliana air.*

luíonn /lain/ 20, 19; /li:n/ 24. 1. ~ *ar. (a)* Tuir-lingeann ar. *Luigh sí [éan] ar an gcarraig 20. . . . air a deich chlog air maidin bheadh a' plána a' luíomh i mBléad Cliath 27.1329. Tá na míoltogaí ag luí orm 20. Ní ~ míoltogaí ar bith air sin 20, is duine glic é sin. Ní siúl a bhíos siad [éanacha] nuair a léuas siad air a' tala ach a' léimneach air fad 27.1255. (b) Luífidh an dlí go trom air 20, cuirfidh an dlí pionós trom air 2. ~ faoi, goilleann ar. *Ní luífeadh sé faoin gcof agat 20. 3. ~ isteach i, druideann isteach i. Bhí mac sa teach buil sí a bhí a' luíomh isteach sna blianta agus ní rabh sé a**

posadh 24 pósann. 4. ~ isteach le, bíonn páirteach i, réitíonn le. . . . a té a chleacht a' sean nós is sé is lú fonn luíomh isteach le béasai an lae inniu 27.91. 5. ~ le, tá de réir, tagann le. ~ sé le ciall 20. ~ sé le nádúr 20.

luireach *b.* Duine mór ramhar. *Deabhal a leithide de ~ 20. Tá sé ina ~ mhór 20. ~ mhór í 20. (Luíreach freisin 20).*

luiseag : loiseac.

luiteachas /let'əxəs/ *f.* Luíochán. 1. *B'éigean dhomhgoill 'un luiteachais 19, . . . dul a luí (le tinneas). 2. Tá sí goite 'un luiteachais 19, tá sí (gé) goite ar gor.*

luiteáilte /let'a:l'tə/ *aid.* *Luite. Tá tú an-~ leis an tír seo bail ó Dhia ort 32.*

luiteanach /let'ənəx/ *aid.* *Luite. Bhí sé an-~ leis an áit seo 20. (Luiteach freisin 20).*

luiteanas /let'ənəs/ *f.* Luí, cion. *Ní raibh ~ aige leis an obair 20.*

lúitéis *a. br.* *Ag ~ leis 20, ag siúl leis go ciúin réidh.*

lúitréis *b.* Lúitéis 20.

lúmanaí. Airgead ar iasacht. *Airgead ~ 20.*

lumpaire *f.* Brat maith féir. *Garraí a mbeadh ~ maith féir ann 20. Tá lumpairí fós ann 20.*

lumpar *f.* Cineál práta. *Tá sé chomh bundáiteach is gan oiread fata ~ ann 20. Ffr. lombard.*

lúnadán *f.* 1. Portán áirithe (beag, dúdhan) 20. 2. Duine beag tromchosach 20. *Dheamhan ann ach ~ beag 20. 3. Gasúr nó beithíoch nach mbeadh sách mór ina aois 20.*

lúóg *b.* Eascann bheag locha 19.

lupa. *An ~ lapa 19, an laidhrícin.*

lus *f.* ~ chré 20, 'Prunella vulgaris'.

lúscán *f.* Luascán, ualach beag 20.

luspairt *a. br.* *Ag ~ chainte 20, ag síorchaint seafóide.*

luta. Bean mhór ramhar 20. *Nach í an ~ í 20.*

lútar *f.* Luta (*q.v.*). *Bhí sí ina ~ le feoil 20.*

lútracha *iol.* Lúdracha. *Néal ní cholódh mé faoi ~ tí go dteigh mé ansin 24 leasmhac.*

M

má. 1. *Má . . . fhéin (ag treisiú). Chuaigh sé síos, agus má chuaigh fhéin, bhí gleo aige 20. Thosaigh sé ag caitheamh isteach na móna, agus má bhí fhéin, is é a bhí in ann 20. 2. Má . . . is go (ag treisiú). Má tháinig is go dtáinig, ní dheacha leis 20. Má dúirt sé is gur dhúirt . . . 20. 'Fuair sé obair inniu' a deir a mháthair. 'Má fuair agus go bhfuair' a deir a' bhean eile 'bu mhaith an soláthraí ar a' tóir é' 24 soláthraí. . . . ach má tá is go bhfuil, deoun mórán spion' atá sé a chuir iontu 24 rith. 3. (Ag léiriú amhras) (a) 'Chua sé síos', a deir sí, 'má bhaineann sé aon bhlas' 20, . . . ach ní fios an mbainfidh sé aon bhlas. Tá sé ansin, má chuireann tú caitheamh ann 20, . . . agus féadfaidh tú caitheamh a . . . b'fhéidir go gcuirfeá . . . Bhíodar i dteach an lá seo, . . . más ag ól a bhíodar 19, níl*

a fhios agam an ag ól . . . (b) (Aiceann ar má) *Bhí siad sin ag rá go raibh ola siar faoi na Mineacháí - má bhí 20, . . . tá mé in amhras an raibh. Beidh sé anseo anocht - má bhíonn 20. B'fhéidir go dtiocfaínn - má théim 20. A. Céard a gheobhfadh sé? B. Má gheobhfadh sé dada 20, . . . b'fhéidir nach bhfaighfeadh sé dada. 4. (Sa bhfochlásal ceist.) Beidh a fhios agam má tháinig 20, . . . an dtáinig.*

mabhdóg *b.* 1. Bean bheag ramhar. 2. Bean dhícheallach thíosach 20.

mabhsóigín. Luch bheag. . . . *bhí ~ báite shíos ann 24 col.*

mac *f.* 1. *Chuille mhac an pheata acub, chuile mhac na sceiche acub, chuile mhac mioscail acub, chuile mhac na scine acub 20, gach uile duine. 2. ~*

aimreas, imreasc. Tá an ~ aimreas iompaí geal ina shúil catha sé nach bhfuil aon solus inntí 24. ~ eimhreasáin 31, id. 3. ~ falachtain, mac mallachta. Nach ort atá an ~ falachtain nach ligeann tú dhó agus gan a bhe á chuir san aer air fad 24. Ní bheach fhíos agat cén deoul ná ~ falachtain a bhuaíl chor a bích é 24. ~ mallaithe 20, mac mallachta. 4. ~ an ghabha, glas. Tá ~ an ghabha ar an doras 20. ~ meáin, duine ar bith (dá fheabhas nó dá dhonacht). Nuair a chora sé agus d'éirí intinn air, ~ meáin ní chuireach an oe a chúil é 24. Ní bhéarach ~ meáin amach as a teach ósta é ó bhéaras a' t-ól chor a bích air 24. Teach a mbeadh sean-fhear nó seanbhean chantalach ann . . . is minic a dúrú lena leithidí 'nach mbaineadh ~ meáin ceart diobh' 27.1461. Ní dhéanadh ~ meáin a' saor [saothar] a rinne sé air na beithí bochta gan oiread is rópa féir a thabhairt acu chods a bhí an sneachta ann 27.1461. 6. ~ soirí, mac midhlisteanach 24, 20. Is géarr le ~ soirí duine uasal ag imeacht é. Air fhear óg nach mbeadh aon fonn mór maitheasa air agus a bheadh dá choinneál fhéin gléasta go maith seadh tugu riamh é 27.1459. 7. ~ an uicht 20, gráinne beag ar an ngráinne mór coirce.

machaire f. Páire mhór. *Tá ~ acub curtha agat 32, tá go leor curtha agat.*

machairí iol. Magairí (maolú ar an bhfocal é). *Cé dúirt an púca, nuair mhún sé ar a mhachairí, 'Go mba leis an deabhal an cúpla' a deir sé 'tá péire agaibh ann' 19.*

macnas f. Teaspach, fonn spraí. 1. *Tá mé ag ceapadh gurb é ~ na bó buinní aice é 20, . . . macnas gan cur leis. 2. ~ airgid. Le teann macnais airgid 20, de bharr iomarca airgid a bheith ag duine agus é á chaitheamh go rábach. . . ní raibh le feiceál ann ach fámaíri agus b'fhrusta aithne air a ndéalramh agus air a gcómhrá nach macnais airgid a thug ann iad 27.1486.*

macnasach aid. Beoga, aerach. *Bhí mé chomh macrasach le uan óg Earraí ag imeacht 24.*

mada f. (iol. madaí, mádarai). 1. ~ gearr, madra (measctha) caorach 20. *Níl mórán ~ gérr sa tír nach bhfuil leath aigle air i ndia beithí 24. 2. (a) Sionnach fireann. Dhá mhada agus ceann baineann a bhí iontu [sionnaigh] 24 aireach. Sionnach óg a bhí ar nós chuile mhada eile 20. (b) (Le tíogar) Is deas an ~ é an 'tiger' 20. (c) ~ ceannann 19, cineál áirithe madra uisce atá níos mó ná an gnáthcheann. 3. I mbéal an mhada. (a) I mbéal an phobail. *Tá sé i mbéal a mhada ag chuile dhuine anois 24 beul. (b) Fágtha béal in airde gan cosaint. . . ach atá an chuid eile de [garraí] fágtha i mbéal a' mhada 27.488. 4. Meas an mhada, meas ar bith. Níl meas an bhocht nach bhfuil lúid ná arran [ann] ach 'na mhada ar a athair acub air 19, . . . meas ar bith . . . 5. Íde na gcuit is na mádarai' 20, drochíde béil. Ní íosfadh muc ná ~ aon ghreim ina dhiaidh dhó 20, . . . i ndiaidh an sciolladh cainte tugadh dó, i.e. tugadh droch-íde béil dó. 6. Chuir mé ualach ~ anuas 20, . . . ualach mór . . . Bhí tarraingt ~**

d'airgead aige 20, . . . oiread is a d'iompródh mada (i.e. go leor). Bhí marú ~ d'airgead aige 20, . . . oiread is a mharódh mada ag iarraidh é a tharraingt. 7. Mar a dúirt an ~ beag 20 - focal a deir duine go leithscéalach faoi gur luaigh sé é féin, nó a mhuintir. Bhí mé féin ann - mar a dúirt an ~ beag 19, 20. Bhíoch mo shean-athair ann, mar a deir a' ~ beag 24 saorann. 8. (a) ~ mná 24, maistín mná. (b) Madra alla /,madə'ralə/, báirseach. Dá gcuireá slat air a' tír ní chasaf aon mhadarala go bhean ort cho mór léi 24. (c) Mádarai uisce 31, clabhtai dorcha thart ar an ngrían atá ag dul faoi. 9. (Leagain eile) Ní fiú leis na mádarai tafann a dhéanamh air 19, - le duine nach mbeadh meas air. . . ag imeacht i do mhada gan máistir 19, ag imeacht go haerach gan smacht. Ní ra focal na madaí] acu 24 creidiúint, ní raibh seasamh ar bith lena bhfocal acu. Ní ghabhadh an ~ amach anois 20 - le drochaimsir. Hairíodh an ~ ag tafann ansin aréir 20, bhí strainséir ar cuairt ansin ann - ag iarraidh cleamhnas a dhéanamh. Ffr. gaol.

madhmadh /mi:mə/. 1. Bécadh (allais). *Bhí sé a' maomadh aluis 27.1162. 2. Borradh, pléascadh amach. Na toim driseacha . . . agus iad a' maomadh le sméara móra dubha 24 Meán Fómhair. Is gearr go dtosaíonn a' féar a' maomadh 24.*

magairle. *Ar chuala tú riamh é - slacht ar mhagairlí seandúine! 19 - focal a déarfai dá mbeifí ag moladh breáthacht duine is go gceapfaí nach mbeadh an moladh sin tuille.*

magarlach aid. *Nach é an bhó mhagarlach é! 20, le duine a bheadh an-ramhar uiliug.*

magarlach /magərlax/ /magəlx/ b. Bean an-ramhar, an-mhístuama 20. ~ óinsí 20.

maic. Baic. *Tá maic a mhúineil tinn 24.*

maicíní iol. Éisc bheaga ar nós an bhoid ghoirm nó an mhac siubháine 19.

maide. 1. ~ na hama 20, an t-adhmad san ama. ~ boilg 20, clár i lár an chairr ag dul ó thosach go deireadh. ~ corrach cáimín 20, crandaí bogadaí. ~ cleasach 20, maide beag i gliabhán éanacha. ~ feamainne 20, maide le sá síos in ualach feamainne á choinneáil le chéile. ~ láimhe 19, maide siúlóide. ~ matail 19, maide in iochtar an tsmiléir chun tosaigh. ~ plandaí 20, stíbhín. ~ uicht 20, maide ar an gcorntar an t-éadach ar sheol an fhíodóra. ~ sníomh 19, coigeal. Maidí urláir 19, clár in urlár báid mhóir. ~ teipe 19, maide treasna ar bhéal na seilfe. 2. ~ seaca, bior seaca. Iad na seasa mar maidí seaca gan cor anonn ná aná 24 droim. Tá mé i mo mhaide seaca 20, tá mé préachta. 3. Ina mhaide marbh, gan mothú, gan a bheith in ann corraí. Tá mo chois ina ~ marbh 20. An é an fear bhocht nach bhfuil lúid ná arran [ann] ach 'na mhaide marbh sa leaba 24 saothraíonn. 4. Ar na maidí, ar mo (etc.) mhaide, go han-dícheallach. Níl le déanamh ach nearú ar na maidí 20, . . . oibríú níos dícheallai. Is maith a bhí mé ar mo mhaide, má choinnigh mé amach é 20, chuir sé go dtí mo dhícheall mé . . . séard a rinne sé ach séide air

a mhaidí 24 cineálta. . . séideadh (gaoithe) ar a dícheall. 5. *Bhí an saol a góil dá mhaidí air* 27.373, ag cur drochchaoi air, bhí sé ag fáil anró. *Níor mhaith liom . . . bhe a' cuir trioblóid air a' mbean bhocht, tá an saol a' góilt ghá mhaidí eirí mar atá sí* 24 trioblóid. 6. . . maide, . . . adhmaid. *Piopa* ~ 20. *Mias mhaide* 19. 7. ~ *le pus* 20, leas-ainm ar fhliútdóir. 8. *Nach é a chumil an ~ den phota air fhéin* 19, nach é a rinne a aimhleas.

maidhm /mi:m'/ . *Tháinig ~ oilc air* 19, taom mór oilc. *Brisfidh tú an maidhm* 19, cuirfidh tú deireadh leis an taom oilc [a bheas ar an duine eile].

maidhteáil a. br. 1. Ag fanacht ón scoil gan chead 20. 2. Ag ligean failli san obair, . ag moilleadóireacht 20.

maidhteálaí f. 1. Gasúr a fhanann ón scoil gan chead 20. 2. Duine a ligeann failli ina chuid oibre 20. 3. Duine a bheadh ag moilleadóireacht faoi bhealach 20.

maidin b. *Dia dhíbh ar ~!* 32. *A thiarna ar ~!* 20 - agall iontais nó buartha.

maidiniúil : **mainneach**.

maidir. 1. ~ le (i dtús abairte d'fhonn treise) ~ *le fragannaí, bhíodar ann* 19, bhí neart fraganna ann. ~ *leis an ngabha mór, bhí sé fhéin ina fhear breá* 19. ~ *le daoine óga, níl aon cheo le tóigeáil orthab* 20. 2. ~ *le go*. ~ *le go mbeadh an tsuim aige ann, ní bheadh* 20. 3. ~ *le dá*. ~ *le dá mbeidís anseo anois, ní ghabhaidís thar a chéile* 20.

maig : **maing, vaing**.

maile. Mala (na súile) 20. *Bhí sé ag breathnú amach óna mhaill orm* 20, . . . ag breathnú, agus na mailí islithe aige ag iarraidh na súile a cheit. *Cuirfidh mé na mailí ar sliobarna leat!* 20, buailfidh mé thú . . .

máilín. 1. *Mo mháilín (shaolta, dearg) dhuit!* (eascaine neamh-urchóideach). *Mo mháilín dearg ansin duit mar[á] mór a' fad a bhí ar do theanga dá inseacht* 24. *Mo mháilín go deó is go brách duit cé cha tu an lá ó mhaidin go dtí an t-am seo g'oi* 24. *Mo mháilín shaolta duit!* 24. *Mo mháilín shaolta go Bhóthrin a chóiseaí faoi gur labhair mé air* 27.1207. 2. *Bráilíní máilíní* 20, bráilíní a dhéantáir as máilíní plúir.

máiléad f. Cloch mhór chruinn 20.

mailiseach aid. *An fiabhras* ~ 19, cineál 'stróc'. Cailleann duine an mheabhair. (Míolta bruite an leigheas atá air!).

maing b. 1. Maig. *Féach an mhaing seo anois aige* [ag leoraí móna] 20. 2. *Ar mhaing, leathoscailte. Bhí doras a' chorcóig air bhaing rúm* 24 corcóig.

mainistir b. 1. ~ *de theach* 20, teach an-mhór. 2. Go leor clocha scartha. *Tá ~ mhór clocha anuas air* 20.

mainneach aid. *Moch* ~ 19, le maidneachan lae. *Bhí mé i mo shuí moch* ~ 19.

maiochtáil a. br. *Maíomh* 20. *Ná tabhair uait é má tá tú á mhaiochtáil* 20.

maircíocht' a. br. 1. *Marcaíocht* 20. ~ *ar*, teacht i dtír go cleasach ar, baint brabaigh go cleasach de, mealladh rudaí 6. *Tá siad ag ~ air* 20. *Thrés cho mór is i bhí mé leis nach hé shíl ghoil a maircíocht*

orm 24. *Tá daoine an-ábultaí an chaoi bhfuil siad i nan ghoil a' maircíocht* (sic) *air dhaoine eile le na dteanga* 24. *Á dhéineacht dá raibh sé bhí lucht maith póitseála a' goil a ~ na dhiadh sin air* 27.821.

maircíocht'. *Marcaíocht* (q.v.). *Is deacair a' saol a mhaircíocht* 24, is deacair do bhealach a dhéanamh sa saol. *An áit a bhfuil lámúin agus brutain pháistí acu gan slí ná seifte . . . sé leithidí sin tá ag iarra an saol a mhaircíocht* 24. *Gheou tú fear a' cuir a chráibh thríd a' gceisceann ag iarra an saol a mhaircíocht* 24.

maireachtáil b. Saibhreas, sealús. (a) *Is íontach a' mhaireachtáil tá aig cuide go na daoine* 24. *Bu dhé bu mhó maoin agus ~ air a' mbaile* 24 pósann. *Tá áiteachaí breá ag lucht ~* 24 áit. *Catha sé nach bhfuil raochan le na mhaireachtáil* 24 budóig. (b) (Le oidhreacht) *Ná lig isteach a' do cheann . . . gur ort a thíteas ~ t'uncail air fad* 24 ligeann. *Bíoch sé buíoch á mhaireachtáil a thit air* 24. *Sé an mac is sine fuair an chuid is mó gon mhaireachtáil* 24 cuid. (c) (Le spré) *Fuair sé ~ léiche* 27.982. 2. *Solamar. Bhfuil aon mhaireachtáil a'd?* 20 (tobac a bhí i gceist). *Bhfuair tú aon mhaireachtáil?* 20 (poitín i gceist).

maireann. *Má mhaireann dhom* 20, má mhairim. *Mhairfeadh sé san áit a gcaillfí na céadta* 20, bhainfeadh sé slí bheatha amach áit nach mbainfeadh duine ar bith eile. *Mhairfeadh sé in éindí le Cóil* 20, is breá leis a bheith . . .

mairg. 1. Stró. *Dhíun blas ~ air* 20. *Ní raibh blas ~ uirthi* [bád] *ag tíocht aníos* 19 (le linn stoirme). *Dhíun blas ~ a bhí uirthi* [bean] *an mála a thabhairt ann* 19.

Máirín. *Tá mé i mo Máirín óinseach ar an saol agaibh* 20 - focal a déarfadh máthair a bheadh sáraithe ag na gasúir. *Tá mé mar bheadh ~ óinseach ann* 20 - a déarfadh bean a bheadh ag faire ar rud éigin anseo is ansiúd is gan ag éirí léi é a fháil. (*Máithrin?*).

máirléir /,ma:r'l'e:r'/ 20, /,ma:r'l'ahir'/ 19, marbhleathar. *Tá ~ i mbarr mo mhéarachai* 20. ~ *ort lá teaspa!* 20 - eascaine.

Máirtín. 1. ~ *ola* 19, 'stormy petrel'. ~ *ola, mar go mbíonn sé i ndiaidh ola na ronnach* 19. 2. ~ *Gágach*. (a) *Pearsa mhiotasach a bhí ceaptha gága a chur ar chosa gasúr. Beidh ~ Gágach ag goil thart feasta* 20, a déarfáí nuair a thagadh an aimsir fhuar. *Tiocfaidh ~ Gágach is sciopfaidh sé leis thú mara nífidh tú do chosa* 20. (b) *Biríní beaga puití cruaithe ar thalamh cruá* 19.

maisce. *A mhaisce, agall dearbhaithe*. ~, *tá tú ceart* 19. *Tá, a mhaisce* 20.

maise, -siúil : **smaise, -siúil**.

maiste f. 1. *Maistin*, duine drochmhúinte. ~ *de bhean* 19. *Maiste é* 19 (le buachaill óg). 2. *Ainmhithe contráilte*. ~ *de lao* 19.

maistín f. *Bó chontráilte* 20.

máistir f. 1. ~ *damhsa* 20, bréagán adhmaid, cruth duine air is na géaga sochorraithe. 2. *Seanfhual* 20, 19.

maistreadh *f.* ~ buidéal 19, déanamh ime tré buidéal bainne a chroitheadh. *Ffr.* moistreadh.

maístreacht *b.* Níl aon mháistireacht fós agam air 19, níl sé [coca féir] críochnaithe go slachtmhar fós agam.

maisiún *f.* Saor cloiche 19.

maiteach *aid.* Cúiteach. Má tá sibh ~ anois agus sibh sásta, atá chuile shórt ceart 24. . . . an chaoi a bhfuil sé socraí suas anois againn déarainn go bhfuil muid ~ 24.

maiteanas *f.* Maithiúnas 20. 'Is beag a' mhaith dhuít' a deir a' sagart leis, 'a bhe g'iarra ~ orm' 24.

maith¹ *b.* 1. Obair thairbheach. *Sfh.* An saol á chaitheamh 's gan an mhaith á déanamh 20. Sé an chéad mhaith a dhéanfadh sé . . . 19. 2. Leasú, feabhas, tairbhe. . . . dhá gcuirfeadh sé aon mhaith orainn thar mar atá 20. Ba é an mhaith amháin dhó é 20, ní dhearna sé aon mhaith dó. Ní thiochfaidh oiread sin de mhaith ar Chonamara go deo 20. 3. (Le dea-shláinte) Nuair a bhí sé ina mhaith 20, . . . i mbláth na sláinte. Níl aon mhaith air 20, níl aon tsláinte aige. 4. Ní raibh aon mhaith aige ann nó go dtéadh sé leis 20, ní raibh sé sásta nó . . . 5. Cac. ~ an duine 20. 6. Flaithiúlacht. Chas sé orm cheana is ní fhaca sé aon mhaith ann 20.

maith² *aid.* 1. Láidir (ag obair, ag troid). Fear ~ 19. 2. Ní ~ go, ar éigean a . . . Ní ~ go bhfuil a fhios agam anois 19. Ní ~ a chreidim é 20. Ní ~ go raibh a fhios agam cé hé fhéin 19. 3. Nach ~ go, is cinnte go . . . ' . . . a bhfaca tú an t-'aeroplaine'?' 'Tá baol' a deirimse, 'go rabh 'aeroplaine' ann!' 'Nach maith go rabh,' a deir sé . . . ' . . . nach maith go bhfacas' 24 bogann. 4. Chomh ~, (céanna), freisin. Thug mé liom an ceann eile chomh ~ 20. Tá sé le fáil is chuile shiopa chomh ~ céanna 20. 5. Chomh ~ le. (a) De bhreis ar, in éineacht le. Bhí cuid mhaith ann chomh ~ liom 20. Nach raibh tú féin ann chomh ~ le duine? 20. D'fosaínn ar an bportach é chomh ~ le ag an gcladach 20. (b) Suas le. Bhí chomh ~ le dhá scór acub ann 20. (c) . . . chomh ~ is dá mba é scéal chuile dhuine é 20, ar nós dá mba . . . , ag tabhairt le tuiscint go mba . . . (d) Tá a fhios a'm é chomh ~ le mo leaba 19, tá fios maith agam air. 6. Chomh ~ do. Tá sé chomh ~ dhuít a ghoil ann 20, ní dochar duit, d'oirfeadh sé duit. 7. Ceart, cruthanta. Bithiúnach ~ é 20. Bundún ~ é 20.

maitheann. Maithféad do Dhia gan a bheith ag éisteacht leis 19, 20, bhí sé chomh cráite sin ag caoineadh go . . .

maithiúnas *f.* 1. Chuireach sé ~ ort a bhe a' breanú air 24, . . . ghoillfeadh sé ort go mór. Chuireach sé maithiúnas ort . . . ag éisteacht leis na páistí a' caoine agus a máthair á cuir i gconra 24. 2. Thúrá maithiúnas gan a bhe ag éisteacht leis a' drochbhéul a bhí air 24, b' fhearr leat go mór gan . . . Bhéara maithiúnas gan a bhe a' breanú air ghoeir nuair a bhéarach siad air a ngiorria réis lá fiach, an stróice a hugach siad dhó 24 ocra.

maithreach *b.* 1. Bó a mbeadh lao aici. Ní fiú biorán

a' lao . . . ach a' mhaithreach a bhe slán 24. Má thóigeann duine gloine leamhnacht ná bláithi uait, réis é a bhe olta aige 'Cuidach Dé air a mhaithreach' a déaradh sé 24. 2. Caora bhaineann. Déarainn go bhfuil na máireachaí reití, feiceam a' branda air fad orú 24 reitheann. Máithreachaí uain 32. Nuair a bhíonnas na máithreacha le linn uain feileann níos mó beatha agus aire iad 24. 3. Siol a fhanann sa talamh. D'fhan a' mhaithreach sa talamh agus tá sé (nó siad) a' cur dhaof anois 24. Mar buil a' mhaithreach ann . . . is frusta é a choinneáil glan go n-imí an seasúr 24 (le siol lusra).

mála : maile.

mála *b.* 1. ~ eascainí 20, go leor eascainí. Rinne sé mála easgainí air a bhfear nuair a fuair sé a chúil iompui 24. D'oscail sé an ~ ar fad ag eascainí orm 20. 2. An mí-ádh. Nach é a chuir an ~ air fhéin 19, . . . a tharraing an mí-ádh . . . 3. Leasú a cheannaítear i mála. Sé creistiúint chuile fhear gur beag a' mhaith a' cuir na málaí mach go dtaga fás ins an uair. Nuair a thagann, i dteanta a' mhála, is gearr go dtosaíonn a' fear a' maomadh 24 Aibreán. 4. Mála fir bheadh tít ar a chéile 20, fear bog ramhar. **malairt** *b.* /malhrit'/ 19, /malhríd'/ /maltríd'/ /maltríd'/ 20. 1. Go ~ lae 19, go hathlá. Fanfaidh muid go dtí ~ lae 20. Cuireadh thart go ~ lae é 19. 2. Babhta. Fuair mé ~ mhaith 20. Uibheachaí ~ 20.

mall¹ *aid.* Chomh ~ le seilimide 19.

mall². ~ deiridh. Is í an aimsir a d'fhág ~ deiridh orainn 19, is í . . . a d'fhág muid ar deireadh leis an obair. Sin é atá ag fágáil ~ deiridh ar an obair 20. Fágann sé ~ deiridh ar na gnaithe 20.

mallach *f.* Ualach dhá chliabh ar dhroim capaill nó asail 20. ~ móna 19. ~ feamainne 19. ~ mór 20. **mallacht** *b.* . . . nuair a bhí cuma na ~ air 24 gealann, droch-chuma [ar theach] le salachar. Tá doich na ~ acu sin [meacain chapail] á mbuaileach siad thu 24 nead meach, . . . droch-dhaigh.

malláfocht *a. br.* Ag ~ air 20, ag mallú air.

malláíodóir *f.* Mallaitheoir 20.

mallóireacht *a. br.* Iompar mallach feamainne. Ag ~ feamainne, 19, ag tarraing cléibh fheamainne ar do dhroim, nó dhá chliabh le chéile ar dhroim asail nó capaill.

malrach : marlach.

malú *f.* Mathshlua 20.

malúch *f.* Mathshlua 31. Bhí ~ mór ann a' faire eirí 24 traein. Dhá bhfeicead an malúch daoine bhí i nGaille Dé Dhána 24.

mám¹ *f.* Mámh 32.

mám² *b.* Lán na dá lámh curtha le chéile 19. ~ fhataí 20. ~ choirce 20. Lán mo mháime 20.

mámáil. 1. a. br. Mámáil 20. 2. iol. ó mám. Tóig ina mhámáil é 20.

mamasach¹ *aid.* Cuthail, faiteach. ~ go math a fua muid go dtí é 24 caitheann.

mamasach². Cuthaileacht, faitíos. (a) Bhuail cineál ~ mo shean athair gur rinne sé éagóir 24 méir. . . . á mhéad ~ dá ra roimh an easpog aguinn 24 casann. Amanta bhíodh ~ dá mbeadh tuile mhór

san abhain go mbeadh sluice Townsend shíos aig muileann Chloran oscailte 27.828. *Bhuail* ~ a' fear saoitach nuair a chonaic sé é [taibhse] 24 sábhálann. (b) *Bhí* ~ *faitís a' déanamh mo bhealach go dtí an bheárna téacht orm* 27.1380. *Is beag duine . . . nach bhfuil ~ faitís aige roimh a' dó* 24 dó.

mámh. *Ní ghabhfainn ar mhámh ná ar dhrámh ann* 19, . . . ar chuntar ar bith. *Ní scarfadh sé leis ar mhámh ná ar dhrámh* 20.

mamsóg b. Cailín beag pointeáilte 20.

mangadán f. Mála beag. *Bhí ~ aige* 20.

mangarae f. 1. *Rinne mé ~ den jab* 19, rinne mé praiseach . . . ~ *muindé /munde:/, id. Tá ~ mundé déanta a'd dhe* 19. 2. ~ *cainte* 19, caint gan chiall.

mangaráil a. br. 1. Méiseáil, útamáil oibre. *Tá an iomarca mangarála ort* 19. *Ag ~ oibre* 19. 2. *Ag ~ chainte* 19, ag caint ráiméise. *Cuireann siad oiread ~ thrína chéile* 19, . . . caint gan réasún.

mant f. Bearna bheag. 1. (Le béal soithigh) *Tá ~ sa gcupán nua cheana* 24. 2. . . . *bhí leise orm ansin ~ a chuir san ábhar a bhí mé a scríobh* 27.1403.

mantach aid. Bearnach. *Dream na bhfiacra ~* 24.

mánla f. Márla, feamainn is aoileach measctha le haghaidh leasaithe. *Carnán ~* 20. *Bhfuil an ~ déanta fós agad?* 20.

maoil b. 1. (a) *Thar ~. Chuir sé an ghloine thar ~* 19. (b) *Thar a m(h)aoil. Go deas anois, tá tú dhá chur har a mhaoil* 24. . . . *chuile áit a' cuir har a mhaoil ag báisteach* 24 cuir. 2. *Uisce a sceitheann thar maoil. . . . gurb é an mhaoil a ritheas air a' Lochán Mór an uair sin* 27.489. 3. *Cuireann dá mhaoil. Bhí na sráideana a' cuir dá ~ le daoine móra* 24 fód. 4. *Slua daoine. . . nach mbíodh a' mhaoil mhór ann a thagadh a' chéad lá* 27.198. *Lig mé an mhaoil harm* 24 caochann. 5. *De mhaoil a mhainge (féin), as a stuaim féin. Chuaigh sé dhá dhéanamh de mhaoil a mhainge féin* 20.

maoilín. 1. ~ *dod* 20. (a) *Duine lomphearrtha as a chloigeann. Tá tú i do mhaoilín dod* 20. (b) *Ag imeacht ina mhaoilín dod* 20, . . . gan cheannbheart. *Ffr. muiscín.* 2. *Casúr caite maolaithe* 20.

maoilisceideach aid. Maolsceadach 20.

maoin b. *Níl sé ag déanamh maith ná ~* 20, níl sé ag déanamh aon oibre.

maoirseacht a. br. 1. *Obair mar bháille uisce. Bhí sé ag ~ ar an sruthán* 20. 2. *Aoireacht caorach. Cháil sé shaol air fad a' maorsacht* 24.

maoirsint a. br. *Aoireacht* 31.

maol aid. 1. *Gan folt. Tá sé go ~ le croí mo bhoise agat* 24. *Chomh ~ le tóin pláta* 19. 2. *Gan beanna. Teach ~* 20. 3. (a) *Tá sé ~ dearg* 20, tá an craiceann bainte de (d'éadan duine). (b) (Le treise) ~ *dearg, an-dearg, dearg ar fad. Tá tú ~ dearg le fuil* 19. *Tá sé* ['poker'] ~ *dearg* 19. *Bhí an peiliúr ~ dearg* 19 (le fuil). *Bhí sé ~ dearg as éadan* 19.

maolach aid. 1. *An rince ~, casadh thart san aer* 27.1437. 2. *Ag rince ~, ag casadh thart san aer. . . . á chur i [ag] rinne ~ le buile* 24 bainneann. . . .

meall eile a thabhairt dó . . . a chuir a' rinne ~ é 27.705.

maolaíonn. *Itheann an barr de agus cuireann ó fhás. Mhaola na goir gas a ra [de] sceacha air a' tala aige* 24.

maológ b. 1. *Maolbhearna. Biorraigh an mhaológ sin* 20. 2. ~ *sléibhe* 20, sliabh nach bhfuil mullach géar air.

maorai aid. *Maorga. Labhair sé go deas ~* 20. ~ *macánta* 20.

maorthaí. *Is cuma liom faoi mhaorthaí an deabhail céard a dhéanfas sé* 19. (iol. de maor?).

maothán f. *Rud i súil na bó a 'hiteann' le tinneas. Tá ~ tite ag an mbó* 19. *Thóigfeadh sé ~ aici* 19. *Ffr. mián.*

mapa f. 1. ~ *tuí, brat tuí fhite a chuir leis an doras taobh istigh mar chosaint ar ghaoth* 19, 20. 2. *Tuí fhite mar thóin ar chathaoir* 19. 3. ~ *an asail* 19, sop srathrach. 4. *Mata, brat urláir. Rud a mbíoch cainnt mhór fadó freisin air a' buala mapai ag tiche móra . . . agus a' deanach bainte astu* 24 amadán. 5. *Is breá an ~ olla atá uirthi* 20, . . . an lomra atá uirthi (caora). *Tá ~ gruaige ort* 20, folt mór . . .

mapsacháinín f. Cailín beag idir bliain go leith agus dhá bhliain 31.

mápsóg b. *Mamsóg (q.v.), cailín beag pointeáilte eolach* 20. *Í suas ina ~* 20.

mar réamh. 1. ~ *sin, de bheagán. Cineál bán, ~ sin* 20. *Shílfeá gur biatais é ach bhí blas cineál goirt, ~ sin, air* 20. *Tá sé rua, ~ sin* 20. 2. *Mara, giorrú ar mar a chéile. A. Níor mhara chéile iad. B. Níor mhara* 19. 3. ~ *dhóigh dhe (?) /,maro: 'jia/* 20, 19, 32. *Tháinig sé isteach, ~ ó dhia go raibh sé ag goil ag tabhairt cúnamh dhom* 20 . . . ~ *ó dhia ná raibh a fhios aige tada faoi* 20. 4. *Bhíodh ~ a bheadh teanga ann* 20, bhíodh rud cosúil le teanga ann. 5. ~ *sin /'mar jin'/, is ceart sin, go díreach glan. A. Bhfuil seanchas mór aige? B. Tá - má tá. A. ~ sin* 20. 6. (Ag insint scéil) ~ *a d'imeoidís anois tráthnóna Dé hAoine as S., shéid an ghaoth orthab* 20, d'ímigh siad, déarfaimid, tráthnóna . . .

marach f. *Locht. Níl aon marach agamsa air* 32. *Ffr. meireach.*

mara con. *Mura(r).* 1. *A. Chailleadar cuimse fir. B. ~ chaill!* 19, chaill go deimhin. *A. Ar drifúir do Pheaitsín í? B. Marab ea* 19, is ea go cinnte. 2. ~ *bhfuil (mbeadh) . . . ann, ach amháin. Ní theagann sé go minic ~ bhfuil faoi Nollaig ann* 20. *Ní thaitneoidís liom chor ar biith ~ mbeadh corr-uair ann* 20. 3. ~ *raibh, murach, ach amháin. Mar raibh Paich Labhráis, ba dhé b'fhearr a bhfad a raibh góltas aige* 27.1186.

marach con. 1. *Murach, ach ab é. ~ é a bheith ina bheithiúnach, ní dhéarfadh sé a leithéide* 20. 2. ~ *amháin, murach rud áirithe amháin. Ní rachainn ann, ~ amháin* 20. *Mhuise, ~ amháin, ní ligfinse leis é* 20. *Ffr. meireach.*

marainic /má'ran'ik'/. 'Veronica' (tom) 19.

maraiocht a. br. *Breithiúnas a bhaint as. Is deacair an saol a mharaiocht* 20, is deacair é a thuiscint (agus é a chaitheamh mar is cóir). *An aimsir a*

mharáíocht 20. *Chinn air oíche Fhómhair a mharáíocht* 19.

maráíonn. 1. . . an oiread airgid is a mharódh mada de shodar 20, go leor airgid. 2. Mharódh sé thú ag cur síos ar A, 20, chaillfí leis an ngáire thú ag éisteacht leis . . . 3. Í ag tabhairt marú naomh Stíofáin ar an asal 20, í ag caitheamh clocha leis ag iarraidh é a chur ag imeacht. 4. . . an-éasca iad a mharú 20. . . iad [tairní] a mhaolú ar an mbar tar éis iad a thiomáint. 5. 'Amortized'. *Maróidh sé dúiche le bhfuil sé cur anonn d'airgead* 19, tá an-chuid airgid á chur anonn aige.

marbh'. 1. *Chomh ~ le breac* 20. *Réis go fhreagair sé cho ~ le scaddán, hug a' dochtúir air ais [é] le neart sua* 24 *tabhair*. 2. *Cuanta atá ~ 20*, cuanta nach bhfuil ach taoide bheag iontu. 3. *Dáir marú bhí air a' mbó inniu arís* 24 *dáir*, dáir lag nár mhair ach tamall. 4. 'Amortized'. *Tá an talamh sin ceannaithe har bárr amach ón máistir againn, talamh ~ anois é (sin nach mbeidh aon chíos ar níos mó)* 24 *ceannaíonn*. 5. (a) *Ligfeá cois mharbh fút* 20, chuirfeá do mheáchan ar an leathchois eile, ag tabhairt scíth don chois a 'ligfeá marbh'. *Tá cois mharbh faoi* 20 (le asal a mbeadh cois crochta aige). *Lig sé láimh mharbh san obair* 20, rinne sé faillí san obair. (b) *Láimhín mharbh* 20, cluiche gasúr. Beireann duine acu ar chaol na láimhe ar dhuine eile, iarrann air a lámh a 'ligeann marbh', agus ansin craitheann an chéad duine í, is buaileann isteach ar éadan an duine eile í. 6. *Fód ~ 20*, fód móna gan mhaith mar a bheadh ar cholbh portaigh. 7. *Do-áirithe, fada. Na blianta ~ na dhiadh* 27.15. *Tá an t-ainm sin orú le blianta marú* 24 *lacha*. Gheou tú duine eile agus d'fheiceadh sé mílte ~ *woe* 24 *radharc*.

marbh' f. *Mí na mairbh* 24 *Samhain*, mí na Samhna.

marbhach /maru:x/ *aid*. *Am mharúch na hoíche* 20, 19, í lár na hoíche (tímeall 2-4 a chlog). *San am mharúch* 20.

marbhánta *aid*. *Rópa a bheadh ~ 20*, . . . nach mbeadh teann rite.

marbhleathar : **márléir**.

marc f. 1. *Níl aon bhlas ann ach go gcuirfeadh sé ~ ar chaora* 19, ar éigin atá sé in ann scríobh. *Ní chuirfeadh sé ~ ar chaora* 19, níl sé in ann scríobh. 2. *Bíonn a ~ caite acu* 20, bíonn marc áirithe ar na fiacla caite acu (capaill).

marcaíocht : **maircíocht**.

margadh f. 1. *M'anam go gcuirfidh tú bail ó Dhia ar do mhargadh nuair a bheas tú chomh maith leis* 19 - focal a déarfai le duine a mhaíodh go raibh sé chomh maith le duine éigin eile. 2. ~ *Choinn* /xi:n/, an margadh is saoire. 'Ní bheadh sé níos saoire ar Mharga Choinn' 24A. . . réis iad le fáil air Mhargai Chuinn chomh saor, b'fheárr leo na dhiadh sin 'na chaitheamh saoil dhíobh é 27.641.

margáil a. br. *ais*. *Margaíocht*. Ag ~ na mbeithíocht 20, ag iarraidh margaidh a dhéanamh á ndíol.

marla : **mánla**.

marlach f. *Malrach* 19.

mart f. *Tá sé chomh maith a'm ~ eile a mharú* 19,

. . . leanacht orm, deoch eile a bheith agam. 'Diabhal neart air anois' mar a deir a fear fadó 'ach mairt (sic) eile a mharu' 27.196. . . cur suas leis, agus tosú arís.

martraíonn : **matraíonn**.

marú f. ~ mada, suim mhór airgid. *Tá sé ráite go bhfuair siad ~ mada air* 27.626. . . bhí ~ mada na ndiaidh nuair a cailiu iad 27.791.

másaire f. Duine mórmhásach 20.

masc f. Duine gránna as a aghaidh. *Nach í an ~ í!* 20.

mascáilte *aid*. Ag caitheamh masc. *Agus iad ~ 20*. **maslaíonn**. Brúnna anuas ar, goilleann ar. *Nuair a thagadh daba mór dho [i. don aoileach] as cionn scoilteog bhíodh sé a' mashú an bhachlóg ro-mhór* 24 *aoileach*.

mátaire f. Féadóir, duine a bheadh ag imeacht thart go mall is go díomhaoin 20.

mátaireacht a. br. Féadóireacht thart go mall réidh díomhaoin 20.

matal f. 1. An maide in íochtair an tsimléir mar thaca 20. (Ní 'mante-piece' é ar féidir rudaí a leagan air). 2. Bean mhór 20.

máthair b. 1. *Clann an dá mháthar iad* 20, col ceathracha iad. *Chuile mhac máthar acub* 20, gach uile fhear acu. 2. ~ *aba*. (a) Máthair a mbeadh clann mhór uirthi 20. (b) Seanmháthair i dteach a mbeadh go leor páistí ann. *Tá an mháthair aba fhéin ann* 20. 3. *Máithreacha bána* 20, brisíocha bána ar an bhfarraige. 4. ~ *na creathnaí* 20, feamainn áirithe. 5. *Cloch mhór. Is uathbhásach an mháthair chloiche í* 20. ~ *de chloch* 19. *Máithreachat móra* 20. 6. *Idir Nollaig is Féil Bhríde nuair a thosaíonn an ghrian ag corraí dhá mháithreachaí* 19, . . . an ghrian ag ardú óna 'bonn'. **mathshlua** : **malú**, **malúch**.

matraíonn. *Martraíonn, gortaíonn go dona. Tá mé matraithe ag mo bhróig* 20. *Mhatraigh siad é* 20. *Ffr. smatraíonn*.

mea' f. 1. *Ríocht, cuma. Sa ~ chéanna a fheicim i gcónaí é* 24. *Tá sé sa ~ céanna ó chuir mé eolas air* 20. *Cén ~ a bhfuil tú? 20, cén chaoi . . . ? Cén ~ a bhfuil an taobh s'agaibhse ag seasamh? 20. Nach fada atá an duine bocht ar aon mhea amháin* 20, . . . ar aon chaoi (dhona) amháin. *Ní bheadh sé sa meath céana go ceann fada . . . agus a bhfuil buailte air* 24 *buaileann. Ní bheadh sé sa ~ chéana go ceann fada go bhárr air a bhfeall a díonú air* 24 *feall*, ní bheadh sé chomh maith is a bhí sé. *Ní bheadh mo chois sa meath chéana a rabh sí más fada gearr mo shaol* 24 *bacaí*. 2. *Bhí sé ~ ar mhea ar an gclaidhe* 20, ar forbhás.

mea' a. br. Meá, machnamh. *Chuir sé ag meath is a' méadú mé ceard dhéanfainn* 27.664. *Bhí sé a' coinneáil a shúile air a lúán a lúí sé go maith agus é a' meath sa méadú a rachadh sé go dtí an áit* 27.973. *Bhí mé a' coinneáil a' chaitpín go dtí deireadh agus mé a' meath sa méadú na dhiaidh sin an inseoidhin chor a bith é* 27.915. *Bhí muid a' meath agus a' méadú air fea tamal ceard dhéanfadh muid* 24.

mea *b.* Meá, ionad iascaigh ar an domhain. *Aruigh ar an ~ mhór* 20. ~ *bhallach* 20. ~ *fhaidhtín* 20. *Tá siad ar ~ anois* 20. *Ffr. feadh.*

meabhach *aid.* Beoga, meabhach (*q.v.*). *Bíonn an tsúil dhoun an-mheabhach* 24 *donn. Tá sé cho meoulach le míol caorach* 24 *míol.*

meabhach *aid.* Beoga 32. *Níl siad* [súile an chapail] *cho ~* 20. [nuair atá an tinneas a bhfuil 'maothán' uirthi]. *Is deas ~ an dá chluais atá uirthi* [capail] 20.

meabhraíonn. *Ní mheabhraím air* 19, ní chuimhním air. *Mheabhródh S. sách maith air* 19.

meabhrán *f.* Meadhrán. *Cuirfidh mise ~ sa gcloigeann a'd* 20.

meabhrog *b.* Cailín meabhach broidiúil pointeáilte 20.

meacain *b.* (?). ~ *an chrádaín* 31, *Arctium lappa.* ~ *an leoin* 20, . . . *an leonta.* ~ *ráibe* 20, salachar a fhásann sna prátaí, etc. ~ *shléibhe* 20, meacan áirithe a mharaíonn na caoire.

meach *b.* Beach 20, 24, 32. *Meachain bhúí* 19, 20, 'wasps'. *Tiúrfaidh mé brú na ~ dhuil!* 19, tabharfaidh mé drochbhualadh duit.

meáchan *f.* 1. *Dhá bhfaighinn mo mheáchan fhéin d'ór, ní dhéanfainn é* 20. *Is fúí a mheáchan fhéin d'ór é* 20. 2. *Bhí mé do mho mheáchan, ní raibh a fhios agam céard a dhéanfainn* 20, bhí mé idir dhá chomhairle . . . *Bhí mé go mo mheáchan hein go math go bhfeicinn ciod a bhfeárr dhom a rá* 24. 3. *Bocadh* [bogfaidh] *an lá inniu is frusta aithint air a' ~ atá a' tíocht sa spéir é* 24 *bogann,* . . . *an dorchadas atá ag teacht.*

meáchnaíonn. Meánn. *Mheáchna sé an bhó rour réis a díolta* 24. *Meáchno sé intinn go math hal má bhéara sé an toil* 24. . . . *an chaoi bhfuil siad a' meáchnú chuile fhocal a déarann siad* 24. [Tá meánn ag 24 freisin].

meád *f.* Féach *cé mhéad a chlog é* 27.1190, . . . *cén t-am é.*

meádail : **béadail**, **bléadail**.

meadar *f.* Ábhar bog fliuch, bia bog. 1. . . . ~ *go rud bog a fuair mé* [le n-ithe] 24 *bog. Cionál meadair a bheadh bog* 20. 2. *Miodar ~,* 'praiseach'. *Rinne mé miodar ~ dhe* 20.

meádú *a. br.* Glacadh comhairle (liom féin). *Tá mé a' mea is a' meádu ciod dhíonas mé* 24 *sí leasa. Ffr. mea.*

meadhgram. Galar ar sheanchapall a mbeadh an mheabhair cailte aici 20.

meadhrán : **meabhrán.**

meadhróg *b.* Meidhreog 20. (*Meidhreog* freisin 20).

meadhrúch *b.* Gaoth fhuar dhomáisteach. *Is dona an mheadhrúch í seo ag fataí* 20. *Nach gránna an mheadhrúch atá ann* 20.

meadsach *aid.* Gaisciúil 19.

meádlach /m'e:ləx/ *aid.* Mórshách 20.

meádlachán /m'e:ləx:n/ *f.* Duine mórshách 20.

meadrálana. Méiseálann. *Mheadráil sé thrína chéile iad* 20. *Bhí sé meadráilte chuile áit aige* 20.

mea ghabhair *b.* Meannán acir. *Chuala tú an mhea ghabhair?* 20. *Is geall le ~ thú ag seitreach gairí* 20.

meaig peidhe. 'Magpie'. (*Mar aid.*) *Capall ~* 20, capall breac le spotaí móra bána is dubha nó donna. *Asal ~* 20.

meaingil. Meaingéal. *Chomh mór le meaingils* 19 (le prátaí).

meallín /m'a:l'i:n/ *f.* Súilín ar uisce ag fiuchadh 19.

meall *f.* 1. Cnap, burla. *Faoi mheall a dhá mhása* 19. ~ *a dhá gcéche* 19. 2. ~ *gobáiste* 19, cloigeann gobáiste. *Mealltrachaí cóilis* 20. 3. *D'éirigh an fharraige ina mealla bána* 19, ina maidhmeanna bána. 4. ~ *gaoithe* 19, cuaipeach gaoithe. *Chua an-mheall gaoithe tharm* 19. 5. *Duine mór. Ann-mheall fir a bhí an athair Mhicil freisin* 27.1069. 6. *Duine, rud, mór. (a)* (Le daoine) *Muise bu bhé an meall go rogaire é* 24. . . . *an air mheall go mhínistearaí a bhéara sagart beannaí* 24 *neartaíonn. (b)* (Le ainmhi) *Bhí chaon mheall go phúca dubh á chastáil leat air a' bhláta* 24 *oibríonn. Ceard a d'fheicín ach í agus a mbun na sála ag meall go shíonnach* 24 *greim. (c)* (Le rud) . . . *medll go sheic mór as Meiriceá . . . 24 bronntanas. Fuair mé meall go phunt air a' mionnán ó bhúistéir inniu* 24 *mionnán. Chuir sí meall go phoul aréir air* 24 *luch-bheag. Nuair a bhíodh sé a catha mealltrachaí bréd báistí* 24 *fairsníonn. 7. Ábhar mór (le a. teib.) (a)* *Meall cathú a bhí in abhain a Churraí nó Bhaile Chláir go bhunáite na ndaoine* 27.1075. *Bu meall cathú í go leads óga an bhaile* 27.454. . . . *an sócúl atá in a gcuid suiócháin bhreá bhoga is gur meall caithe iad go dhream óg a lae inniu* 27.196. (b) *Bhí cour mheall mí-ádh g'imeacht freisin a chuir snaoisín air a bhfuaisgí* 27.186. . . . *ní ra aon mheall mí-ádh sa tír bu mhó ná é* 24 *bladaire. (c)* *Bhuaileadh sé as ~ feirge í* 27.784. (d) *Nach é an ~ glóire é* 20. *Níl i Mac Dé ach ~ glóire* 20. *Shilféa gur ~ glóire atá timpeall ort* 20. (e) *Agus réis a bhfuil dá fháil ach lucht muiríne inniu, níl fhán [ann] 'na dhia sin ach meall clousán* 24 *pósann. 8. Slua. (a)* (Le daoine) *Ní dheacha a leithide go mheall fear anoir an Bothar Beag i gcathadh na glóire* 27.43. . . . *gan caint air a' ~ daoine a bhí air a' bpáirc mhór amach air ár n-aghaidh* 27.1341. (b) (Le rudaí) ~ *ronnach* 19. 9. *Buille. Níor hug sé dhó ach aon mheall amháin agus dhona sé néanacht é leis* 24 *donaigh. . . . ach a bhualadh faon gcluais . . . agus meall eile a thabhairt dó nuair a shíl sé éirigh* 27.705. . . . *nach ra sé go mhíseach atg aon fhear i Mionlach ariomh meall a bhuala air na Blácaí ach é héin* 24 *piocúil. . . . gur buailiu ~ ar a doras a bhain geit ó chroí asum* 27.69.

mealladh *b.* 1 ~ *ná i ndearmad, de bharr meallta nó de thoradh dearmad, ar chor ar bith. Níl a fhios agam i ~ ná i ndearmad céir leag mé é* 20. *Ní fhaca mé i ~ ná i ndearmad é* 20. *Níor chuala mé gur tháinig sé i ~ ná i ndearmad* 20.

meallann. *Mheallfadh sí an t-éan ón gcuaich* 19 (le duine glic). *Mheallfadh sé sin an capall ón gcoirce* 19.

meallta *aid. bhr.* Duine ~ 20, duine a bheadh níos láidire ná cheapfá.

mealltúil *aid.* Mealltach 20.

meámhaíl *a. br.* 1. (Le cat) Meamhlach 20. 2. Diúgaireacht chaoineacháin. *Ag ~ is ag meigeallach* 20. 3. Clamhsán. *Is ort atá an mheamhaíl* 20.

meámhaireacht *a. br.* Meamhlach. *Thosa sé [cat] a' ~ mar bheadh sé ag iarradh párdún* 27.809.

meana *f.* 'Awl'. *Bhí siad a' cac meanaí le faitíos roimhe nó go bainní dó an gunna* 24.

meanachair. *Ní fiú ~, ní fiú dada. ~ féin ní fiú a gcuid oibre ó mhaidín i ngeall air a' múr báistí a chuid sé* 24. . . . *níor bhfiú ~ é sin go bhfeicéa a mbeadh sínte air á bpáire, cuid acu beo ach a bhformhór marbh* 27.910. *Ní fiú ~ na cupla scríob atá ort* 27.1096. *Ní fiú ~ na fataí bhí antu i mbliana* 24. *Ní fiú ~ a' méid go ghearra a fuair tú* 24.

méanair : **miniar.**

meandar *f.* 1. Carnán trí fhód móna 19. 2. *Ní fiú ~ é* 19, ní fiú caint air.

meandaráil *a. br.* *Ag ~ móna* 19, ag déanamh meandar di, ag plé léi á réiteach le triomú.

meandamáil *a. br.* Méiseáil. *Dhá mheandamáil ó mhug go mug* 19, le tac, ag iarraidh é a fhuarú.

méanfach : **méanúch.**

meannnaí *b.* Tuar. *~ Dé le deá-scéal* 20 – a deirtear le tochas sa bpolláire deas, comhartha dea-scéil. *~ oíl* 20, tochas sa bpiópán. *~ airgid* 19, tochas sa chiotóg. *~ craitheadh láimhe* 19, tochas sa deasóg. *~ póige* 19, tochas sa bhéal. *Sé do mheannnaí a bhí agam* 19, – a déarfás tú leis an duine a thiocfas tar éis duit tochas a bheith sa tsrón agat.

meán : **meáchnaíonn.**

méanúch *a. br.* Méanfach 20.

meann gabhair : **mea gabhair.**

méar *f.* Béar 20.

mear *aid.* 1. Tapa. *Tá cour dhuine in an bhe cainnt cho ~ le 'merriman'* 24. *Piuc anois iad cho ~ is bheach gour a' cac air bhórán* 24. *Tá sé chomh ~ le cú, . . . le capall rása* 24. *Tá sé a' casa go ~ le muileann gaoithí* 24. . . . *thosa na hurchair á gcatha cho ~ leis a' muileann gaoithe* 24 *collaíonn. Cho ~ le sionnán gaoth Mártaí rith an sgéul faon sagart* 24 fód. 2. *Sobhriste. Tabhair aire dhó sin, tá sé ~* 20.

méaracán *f.* *~ de ghloine* 20, gloine bheag. *Ní raibh inti [sa ngloine] ach ~* 20.

mear-eolas *f.* Beagán eolais. *Tá ~ agam air* 19.

méaraíocht *b.* Ceannasaíocht. *Níl aon treoudóir ins na seacht bparáiste a bhaineach a' mhearaíocht dhó* 24 *treabhdóir. Tá treabh na dtractors a' bainnt a' mhéaraíocht go na capaill* 24 *treabhdóir. Réis an fhad is bhí an mhéaraíocht aige, tá sé buailtí mach sa deire* 24 *buailleann. Tá an mhéaraíocht bainte dhó anois agus ní mór a' sgéul é* 24 *baineann. Atá cóir eile amú a bhain a mhaeríocht gan aol* 24 *Nollaig.*

meargánta *aid.* 1. Fiáin, do-smachtaithe. *Capall ~* 20. 2. Coilgneach, cantalach. *Bhí siad sách ~ le chéile* 24. *Bhí sé ag breathnú sách ~* 20. 3. Beoga. *Tá chuid súile meargántaí go math* 24. 'Dhíona íona' *deir sé 'cho meargántaí agus cho bruidiúil*

agus tá sé fós' 24 *bruidiúil.*

méaróg *b.* 1. Gloine bheag. *Nuair a chonaic mé a goil hart é a' roinnt braon fuigí air lucht a' tsochairde leis a' méaróg go ghloine* 24. 2. Ubh bheag. . . . *na méarógaí g'uibheachaí atá siad a bhreith* 24. *Ffr. miaróg.*

mearúil *f.* Méarnáil 19.

measa *f.* 1. *Fear measa, luachálaí (tithe, talún). Bhí fear measa hart fud abhaile ó mhaidín* 24. 2. . . . *nach bhfuil ~ cac mada air a' rud atá muid a dhéanamh* 27.565.

measadóir *f.* Meastóir, luachálaí 24 *daorann.*

meastú. (Mar ain.) Ceist ag iarraidh tuairime. *Le gach ~, b'fhéidir, agus barúil níor airridh muid ceathrú uaire a goil thart* 27.652.

measaílin. 'Vaseline'. *Deabhal ~ ná ~* 20.

meata *aid.* 1. Mall ag obair 19. *Fear ~ ag obair é* 20. 2. *Tá mé ~ a'd* 19, tá mo chuid ama curtha amú orm agat. *Tá mé ~ bánaithe a'd* 19, *id. Beidh tú ~ leis an obair* 20, beidh tú i bhfad leis agus gan aon dul chun cinn á dhéanamh. 3. *Aimsir mheata* 19, 20, aimsir nach ligean do dhuine obair a dhéanamh.

meatachas *f.* Lagar tinnis. *Tá ~ eicint orm le cupla lá* 20. *Chuaigh sé 'un ~ orm* 20.

meatartha *aid.* Meata (la aimsir). *Aimsir mheatartha* 19. *Lá ~ a bhí sa lá inniu* 19.

meathann. 1. Diomlaíonn am. *Ní bheinn ag meathadh leis* 24. *Caith thart é agus ná bí ag meathadh leis* 20. 2. *Meath do chine!* 20, do dhúshlán! *Meath do chine é a dhéanamh!* 20. *Meath do chine, buail dorna air!* 20.

meath-thrá *b.* Trá nach mbeadh an-mhór 19.

meáúil *aid.* Trom ina mhéid. *Bhí sé ~* 20, ba mhó a mheáchan ná a thoirt.

meidhir. *Tá ~ le fuacht air* 19 = ?

meidhreog : **meadhrog.**

méigrim : **meadhgram.**

meilseachán /m'aílʃaxa:n/ *f.* Meilseánach 19.

meilt : **meilt.**

méir *b.* 1. *~ an daba, ~ an chaca* 20, an tríú méar. 2. *~ a chur i, faoi, s(h)úil duine, cur in aghaidh duine go láidir, bheith ag magadh faoi dhuine, duine a shárú (sa chaint). Chuir mise ~ faoina shúil* 19. *Chuirfí ~ in do shúil dá mbeithé a' tóirt aird oru* 24 *páiste. Daoine eile chuireach ~ a do shúil a rá nach ra sé chor a bich ann* 24 *púca. Chuireadh go léor gon seandream ~ in do shúil á sárú orthu gur a' stealadh faof a bhí na seanchaí* 27.504. 3. *Agus a mhéir ina bhéal, agus gan faic aige. . . . ach bu géarr gur dtáinic agus a mhéir in a bhéal (sin nach ra aon asal a' tíoct aige)* 24 *greim. 4. Ar an ~ is faide. Ní fhagath [fhágfaidh] siad air a ~ is faide é* 27.1354, ní chuirfidh siad siar an-fhada é. *Leig mé ar an ~ is faide é* 24. *Ná cuir ar an ~ is faide é* 20. 5. *Ní chloisféa ~ i gcluais aige* 20, ní chloisféa dada leis an torann a bhí aige. 6. *Blas ar bith ach an oiread is chasfá ar bharr do mhéir* 20, . . . ach fíorbheagán. 7. *Ná lig ón ~ é* 19, ná failligh ar do sheans, tapaigh do dheis.

meirbheacht *b.* Meirbhe 20. *Tá an mheirimheacht*

mhór tá san uair a' baint a' bhaine go na beithi 24.
meirbheadas *b. agus f. Meirbhe ~ na haimstre 24.*
An mheirbheadas sin a tháinig . . . 20.

Meireacá, -nach. Meiriceá, -nach 20.

meireach¹ *f. 1. Marach, máchail. An lá raibh sí le cuir air an uisce a Jacas a' chéad mheireach 27.300. . . . ach aon mheireach amháin a bhí air go mbu deacair a thart a choisgeadh 27.365. Sén ~ bhíoch orú ach a' fliucha an leaba na gcola 24 luichín. 2. Mí-thapa, botún. Réis é bhe in a thou cléireach, d'oeri ~ eicint dhó is ní ghlacaí an aon áit anois é 24. D'eire ~ dhó, ach ní rous acu cé shí an bhean ná céir b'as í 24 mac suiri (le fear a raibh mac suiri aige).*

meireach² *cón. Murach 31. ~ a' braon óil 27.321. . . . ~ a' ~, ~ rud eicint, thiteach a' taer 24. ~ amháin, murach rud áirithe amháin (nach luaifeair). Sin é an lá ar chuir mise aithne air agus ní chuirfínn a lá sin chon oiread, ~ amháin 27.1099.*

meirg *b. Goimh. Tá ~ air le fuacht 20.*

meirgeach *aid. Fuar (le haimsir). Tá an lá ~ go maith 20. Fuar ~ 20.*

meirín *b. ~ fhliuch a leagan ar dhuine, buille beag ar bith a thabhairt dó, cur isteach air. Má leagtar ~ fhliuch air a cuid páistí, ní bhaineach Airtí Finn ceart dhui 24. Níor leag mé ~ fhliuch air 19. Ní féidir ~ fhliuch a leagan air 20. Sí tá iugóideach [agóideach] is deacair ~ fhliuch a leagan eiri 24. mheirse *f. Smacht. Bhfuil aon mheirse trom anois orthaibh? 20. Rinne sí cuimse faoi mheirse na comharsan 19.**

meisín : **béisin.**

meitheal *f. Scata ar bith. ~ acu na suiomh ag Cloch Stiúna air a' mbealach ó'n Aifreann Dé Dóna 24 naomh. Ní ra leath súil leis a' ~ a hainic aig a' dousa 24. Bhí siad na meithil a' faire orrain air chuille chrusbhothar 24. Ag éisteacht le seanmhra . . . nuair a hagach ~ acu fré chéil i dteach 24 naomh. ~ beithíoch 20. ~ caorach 20.*

mí *b. ~ mheáin /m'i:wa:n'/, ~ mheáin an tSamhraidh 20, Meitheamh. ~ mheáin an Fhómhair 20. ~ na Féile San Seáin, Meitheamh. ~ na Féile San Seáin. Sin é an t-ainm is mó agus is minice a chlois mé dá thabhairt air a' ~ sin in m'am. Níl dabht air bith nach mbíodh roint mná tuai a' tabhairt a' mhí Mheáin eiri 27.1491. ~ an July. Cé go bhfuil 'mí Iúil' i nGaille eiri níor airridh mé fós in mo shaol a' focal dá rá. Thugadh cuid den seandream 'an mhí réis na Féile San Seán eiri 27.1497. ~ Chnoc an Dalláin. Is beag uair air a' mbaile riamh a glaodhu Meán Fómhair eiri ach Mí Chnoc a' Dalláin chuille am 27.1510. Tá mé fada go maith a' caint air Shamhain, ~ na Mairbh 24.*

mí. Mithid. Is ~ dhó é a dhéanamh 20.

mí-ádh *f. Ní raibh a fhios agam sa ~ mór 20.*

mí-aighneas *f. Chuir sé ~ orm féin 19, chuir sé caint orm go mímhúinte.*

míaisín *b. Mias bheag 20.*

mian /m'i:n/ *b. Giúmar. 1. Tá sé g'éagaoim pian uicht minic go math agus ní sa ~ is feárr á bárr 24*

uicht. 2. Ba mhian déirce leo á a fháil na dhiaidh sin 24, ba bhreá leo é a fháil mar dhéirce . . . Go bhárr air an ourlámh bhí aige air a' mbád bu mhian déirce leis a chuid héin a dhíona air fad dhui 24 urlámh.

mianach /m'i:nəx/ *f. 1. Cineál, 'breed'. Tá an seanmhianach [beithíoch] ag imeacht 20. ~ faoi leith daoine atá i gConamara 20. 2. Cáilíocht. Chomh luath is a thagadh mínach an Earraí amach lár na Féile Bride 27.1229.*

mianúch /m'i:nu:x/ *f. Mianach 31. 'Anú' a deir sí 'ní ra sé an do mhíonúch ná do bhunúch ná an do cholbh gon pharáiste daoine ná baile mar Míonlach' 24 gorta. Sé cut an da gias a' míonúch is feárr 24 cut.*

míaróg *b. Cloch bheag, méaróg 20.*

mias *b. 1. Á dtugach siad air a mhéis fhéin go chuil fhear . . . 24, dá dtugaidís [an giodán talúna] mar ba mhian leis féin do gach uile fhear . . . 2. Fuair sé ar a mhéis fhéin faoi dheireadh é 20, fuair sé an drochrud a bhí tuillte aige . . .*

míbharaíl *b. Míbharaíl 19.*

míbharaileach *aid. Nach tú tá ~ dhom! 19, nach agat atá an drochbharúil díom.*

míchaoithíúil. Mímhúinte 20.

míchoimhthíoch /m'i:xohəx/ *aid. Uafásach 19.*

míchontráilte *aid. Contráilte. Tháinig sé san am ~ 20.*

míchríostúlacht *b. Easpa críostúlachta 20.*

mídhathúil *aid. Gan a bheith dathúil 20.*

mí-eolasach *aid. Aineolach 20.*

mífhéilúntas *f. Mí-oiriúnacht. Bhí cath' is cáin air chleamhnais agus ag éalú le chéile ach ní ra ~ ar bith a' baint leof 24 lá saoire.*

mífhoighid, -each *b. Mífhoighne, -ach 20.*

mífhullántas *f. Mífholláine 19.*

mígilíní *iol. Piosai beaga. . . mar ndóna ~ gon tornapa dhui ní tosach sí [caora] chor a bith é 24 glan.*

mill *b. 1. Goid na meala 24, cluiche tórraimh. 2. Ag dtól na meala is ag ceannacht an tairt 19, ag dtól uibheacha is ag ceannacht salainn. Dá dtugá ~ as do mhéaracha dó, dá dtugá gach rud ar fheabhas dó (ní bheadh aon toradh air). Agus dá dtugá ~ as do mhéaracha gon bhó nach ndéanann a' saochan, sin é a mbeadh air a shon agut 27.1454. Á dtugá ~ as do mhéarachai dhui sén cás céana é 24 oic. Dá dtugá mill as do mhéarachai dhá leithidí . . . bheadh sé chomh ré dhuit a bhe g'iarra grá is trócaire air mhinistéar 27.223.*

mile *f. (Le treise) 1. 'A mhíle chónach [recte chónách] sin eiri,' a deirim, 'is maith liom á fheabhas dá bhfuil sí' 27.446. ~ chrdh sin ort! 19. 2. . . . atá sé ro-mhíle-mhaith acu 27.1413. 3. Chuir a fear a buailí na ~ murdair as 27.824, scréachach mhór le huafás.*

millfirt. Tochas ar mhéaracha na gcos 20. (*Míolfairt* freisin 20).

millín. Bláth fiúise. *Crainte millíní 20, fiúise.*

milis *aid. 1. Go deas blasta ar nós siúcra. Tá sé chomh ~ le sú craobh 24 sú craobh. 2. Blasta. Tá*

salann comhairthe ar an rud is milse amuigh 20. *Stuif* ~ é 20 (le salann saile).

milléad : billéad.

milléan *f.* (Le tugann). *Dhíúin* ~ le tabhairt dó 20, . . . le cur air. *Hug* sé míleán mór dó 27.36.

millean. 1. ~ faoi, déanann dochar do. *Níor mhíll sé aon bhlas fút* 20. *Tá tú ag milleadh faoin éadach* 20. 2. *Milleadh mogaill ort!* 20 - focal a déarfá le duine a déarfadh feat gur mhíll tú rud. 3. Agall dearbhairthe. '*Mo ghrá is mo mhíle agumsa*' a deir *Sedánin* 'ní bhéidh tú in bhfad ansin' 24 cearc.

milteacht *b.* An-droch-aimsir. . . . *d'eire an lá har cionn le milteacht* 24 creideamh.

milteanas *f.* *Gasúr a bheadh i* ~ 20. . . . ag déanamh milteanais. *Beithigh a ghabhfadh i* ~ ar *dhuine* 20.

milseán *f.* Bia milis. *Níl sé a chaitheamh ach milseán* 20 (le duine tinn). *Ní* ~ mór é 20 (le 'tonic').

milte *a. br.* Meilt. Ag ~ *chainte* 20, ag síorchaint.

milteachán *a. br.* Muileoireacht. Ag ~ 20. *Tá an muileann a'* ~ arís 24 míleann. *Tá muileóir an* [in] *chuile mhuileann* ~ 24 muileoir.

mímhaitheasach *aid.* Díomhaoin. *Duine* ~ 32, duine nach ndéanann aon obair.

mímheabhrach *aid.* Dearnmadach 19.

mímheabhraíl *b.* Easpa meabhrach. *Is beag an mhímheabhraíl a bhí air* 20.

mímheastúil *aid.* Drochmheastúil 20.

mín *aid.* 1. *Tá sé cho* ~ le croí do bhoise 24. *Bhí sé cho* ~ le gainne na trá 24. *Cho* ~ le gainne bán 24. *Tá plait ann chomh* ~ leis an bpláta 19. 2. *Ola mhín* 'sweet oil'. *Níl deóir ola bhínn sa teach agum* 24.

mín *ain.* *Thug sé* ~ agus garbh dhó 20, thug sé íde béil dó.

mín *b.* 1. *Réis a'* mhaireachtáil a bhí tamal acu, atá siad gan ~, mála ná airgead anois 27.1465, . . . gan dada. 2. *Tá sé ina mhín* 20, tá sé (adhmad) críonta ar fad. 3. *Mín bhui* ('an mhínín mhín' [mhion?]) mar a tugtaí eiri) a tugú mach a' dtús aimsire 24 gorta.

mínádúrthach *aid.* Mínádúrtha 20.

míne. *Bhí mé ar mo mhíne géire ag iarraidh é a dhéanamh* 20, ar mo dhícheall.

míneacht *b.* Míne. *Bíonn sé* [bóthar] *steouin aimsir seaca go bhárr a'* mhíneacht 24.

míneadas *f.* Míne. *Ní fhaca tú rud ariamh atá i riocht talamh a thabhairt 'un míneadais ach caoire* 20.

mínéigle *b.* Fínéagar 20.

míneile /m'i'n'eil'ə/. Cnáib as Manila. *Ní* ~ a théanns ann 32. *Cábla den mhíneile* 32.

mínic *aid.* *Chonaic mé cho* ~ cheana é is atá méar cois agus láimh orm 24 méar. *Chomh* ~ is tá ribe as mo cheann 20. *Tá sin cloiste a'm chomh* ~ is tá ribe liath i mo cheann 19.

mínair /m'in'ær/ /m'in'er/ *aid.* Méanair, aoibhinn. *Nach* ~ dhóib! 20. *Nach* ~ Dé dhó 20.

mínistéar *f.* *Ach bhí sé cho réidh dkom bhe ag iarra grá is trócaire ar mhínistéar le a bhe ag iarra air*

tóirt isteach 24 soláthraíonn. *An t-easpag ministéara* 19, an t-easpag Protastúnach.

mínse *f.* Sufochán sa gclúid 19.

míodach. 1. Seanscian. *Níl agam ach* ~ de scian 20. 2. Sean-láí chaite. ~ de láí 20. *Ffr. viodach.*

míodar : meadar.

mí-oiriúnacht : mí-fheiliúntas.

míol *f.* (a) *Míola cearca*. . . . *bhíoch siad ití beo beithíoch ag na míola cearca* 24. (b) *Míola géabha*. *Má thugann na míola géabha ins na géabha tá sé in an iad a chaite* 24. (c) . . . *bíonn a'* tuisge reamhar acu sin. *Míola géamha a tugtar oru* . . . ach le teas agus nádúr na huaire a hagam siad 24 col. *Níl oiread na fríde ionntu* . . . *D'ól mé fhéin siar iad go minic* 24 uisce.

míolfairt : mífirt, míonfairt.

míoltóg *b.* 1. *Is geall le* ~ thú a bheadh ag spochadh le maire 20, le duine a bheadh ag méirinteacht ar tud. *Tabhair oiread sciathán míoltóige dhom a chuirfeas mé faoi m'fhiacail* 20, . . . oiread na fríde (de thobac) . . . 2. ~ sciathánach 20, seangán sciathánach.

míon *aid.* *Chomh* ~ le púdar 20. *Tá siúilín* ~ aige 20, tugann sé céimeanna beaga ag siúl dó.

míonachaí *iol.* 1. Meanach. *Dhá gcuirfínn mo mhionachaí amach chinnfeadh sé orm* 20, dá gcuirfínn mé féin thar m'fhulaing ag iarraidh é a dhéanamh. . . . *Dá gcuirfeá do mhionachaí amach níl aon mhaith dhuit ann* 20. 2. *Tá a gcuid* ~ amuigh acu 20, tá bachlóga amuigh ag na prátaí thríd an bpol. *Tá* ~ beirthe acu 20, tá go leor uibheacha beirthe (ag na cearca). 3. Míonbhach, píosaí beaga. *Tá sé ina mhionachaí agat* 20. *Rinne sé* ~ idir a mhéaracháí dhó 20.

míonacht *b.* Míonaíocht 20.

míonán. ~ *Muire* 31, 'devil's bread'.

míonbháisteach *b.* Báisteach éadrom. *Bhí sé ag caitheamh* ~ 20.

míonchaint *b.* Caint íseal 20.

míonchasacht *b.* Casacht bheag 20.

míonda. *Bhí sí ar a* ~ ag iarraidh deifir a dhéanamh 20, bhí sí ar a dícheall . . . *Ffr. bionda.*

míonfairt. Míolfairt 20.

míonfhata *f.* Práta beag 20.

míonfhraoch *f.* Cineál áirithe fraoigh nach bhfásann ard 20.

míonbhailis *b.* Diobháil bheag. *Níl fhios beo cén mhíon-mhailis atá dhá tona* [dhéanamh] *aig scafairí óga* 24.

míonna *f.* Míonn. 1. *Thiúrfadh sé na míonnaí moirt nach raibh focal bréige ann* 31, mhíonnódh sé go daingean . . . 2. *Le* ~ an leabhair, go cinnte, gan teip. *Le míona an leabhair thagadh sé uair sa tseachtain n'imeacht ceithre ráithe na bliana* 24. *mac. Le míona an leoir i dtithe ósta a bheithí san oi Dia Sairn nó go mbeach sé na mheán oi 24 gníomh.*

míonnaithe *aid. bhr.* 1. An-oilte, ar fheabhas. . . . *dhá bhean* . . . *beó fós i mBoston a bhí míonnaí dhá nimirt* 27.190. *Bhí caoladóir na chónaí i dTobar Óráin* . . . a bhí míonnaí 24 cléibhín. *Tá fr*

ann atá mionaí a baint mhóna . . . 24. Tá sé mionaí . . . a' cuir suas scafaíl 24. Bhí sé mionnaí a déanamh a bhealaí oí dhubh 27.65. 2. (Le droch-chleachtadh) Bhí sé ~ ag innseacht bhréug 24. D'fhéatá bhe ~ a' bualadh rud faoi t'ascail istí an siopa freisin 24.

mionphósa *f.* Fósa beag. Rinne sé mionphósaí dhó 20.

mionrítheach *a. br.* Rith mall le coiscéimeanna gearra 20.

mionshodar *f.* Sodar mall 20.

mionspruáin *iol.* Mionbhruar. Rinne sé ~ dhá chnáma 19. Bheidhim a' goílt go bhárr na piocóide oru go ndíonain ~ dhaof 24 obair. Rinne sé minspruitháin dó 24. . . . go ndíona mé minspruitháin go do chnáma 24.

mionúch *f.* Pincín, éiscín beag 20.

míor 1. ~ meacain, dada. Níor fhága sé ~ meacain dhe 19. Ní raibh ~ meacain sa teach aige 20. Ní fhágfaidh mé ~ meacain gan tóraíocht 20. 2. Ní raibh ~ mullóige aige 20, ní raibh dada aige.

miosarún *f.* Muisiriún. ~ ga 20, ceann a bhfuil púdar ann a chuirtear le gearradh. ~ beatha 20, ceann inite. ~ púca 20, ceann mór dubh - deanach as. ~ cac bó 19, 20, 'puff-ball'.

miotail *f.* 1. Cuirfidh sé sna miotail thú 20, cuirfidh sé i sáinn thú sa gcaoi go mbeidh ort do dhícheall a dhéanamh. Bhí sé sna miotail 20, . . . ar a dhícheall agus é i sáinn. 2. Chuir sé buintín a mhiotail amach 19, chuir sé thar a fhulaing é fhéin (ag obair, ag rith, etc.).

miotán *f.* Cuirfidh sé ag caitheamh na ~ é 20, bochtóidh sé [a nós maireachtála] é.

mireacht *b.* Mire. Sé ~ a' chú tá a' bainnt mo ra dhom 24 cú.

míreasúnach *aid.* Míreasúnta 19, 20.

míriméad *f.* Míghliondar. Ní raibh aon mhíriméad air 20.

mísc *b.* Chuadar [beithigh] i ~ 19, . . . i bhfoghail. mísc *b.* Ní raibh ~ ná mearúil air 19, ní raibh aon dul amú air faoina raibh ar siúl aige.

misceam(h)naithe /m'i:ʃg'avniha/ /m'i:ʃg'amniha/ *aid.* Gránna, míschlachtmhar. Is misceamhnaithe atá ag garraí sin leagtha amach ag an bhfear 19. Is misceamhnaithe a bhí a cuid éadaí 19. Focal misceamhnaithe 19, focal gáirisúil. Duine misceamhnaithe 19, duine gan fios a labhartha. Breathnaíonn sé [coca féir] misceamhnaithe 19, liobarsach míschlachtmhar.

míscil. Chuile mhac ~ acub 20, chuile dhuine beo acu.

míscín. Dochar, 'praiseach'. . . . ach hainic a' m'ur faoi mo thóin agus rinne sé ~ orm 24 phuid.

míshlacht. Mímheas. Bhí díth-mheas agus ~ á chatha len a leithidí riamh 24 mac.

míshláinte *b.* Drochshláinte. Ní raibh aon mhíshláinte riamh air 20.

míshuimhreach *aid.* Tá tú chomh ~ is dá mbeadh do lán salainn ionat 19.

mísnéach *b.* Níl aon mhísnéach agam as 19, níl aon dóchas agam as (as othar, as plean oibre, etc.).

Thóig sé ina mhísnéach a ghoil ann 19, bhí sé de mhísnéach aige a dhul ann.

místáid *b.* Dochar, damáiste. Sé'n spriósán grána g'éun é ina mhéid 'sna thoirt is mó místáid ar a' domhan 24 gealbhan. Tá ~ eicíní díonta anois agat 20. D'iarra [déarfaidh] daoine nach bhfuil dochar a bích ins na broic ná aon mhíostáid ionntu go thada 24 broc.

místáideach *aid.* Contráilte, ábhaileach 20. Tá tú chomh ~ l 19. Éinín beag místáideach a' gealbhan 24 gealbhan. Bhí mé cho hámhailleach ~ le mo leithide fhéin air bith 27.61. Inseó mé go do dheada go bhfuil tú místáideach agus gheou tú léasa woe 24 insíonn.

miste 1. Is ~, is drochrud é. Is misde droch-gheite bhaint as aon duine 24 geit. 2. Is ~, is ceart. Más linn bhe n-am ag an Aiffrion is misde dhúin deifir íona [a dhéanamh] 24. 3. Más ~, más mian. Más misde leat thíocht go Bleá Cliath bí ré . . . 24. Más misde libh é, béidh muid dásta 24.

místuama *aid.* Ciotach. Tá tú chomh ~ le muc i bparlús 19.

míthorthúil *aid.* Aimrid. . . . tá tuairim mhaith aig chuile fheilméar sa gcaoi a bhfuil na barrana a' féachaint an uair sin an torthúil nó ~ a bheidheas siad 27.1505.

míthrustúil *aid.* Mí-iontaoifa 20.

míthútach *aid.* Tútach 20.

miúil : múille, múilleach.

mnáúil *aid.* Banúil 20.

mnáúlacht *b.* Banúlacht 20.

mó *br. ch. de mór.* 1. Is mó is gile é 24 geal, tá sé beagáinín rógheal. Is mó is airde an slinneán 20. Is mó is goirme iad na [ná] cinn an tsmólai 27.1257. 2. Ba mhó ba ruai ná ba duibhe go bheagán sa dath é 27.1412. 3. Ní mó ná Maidhc a d'inseodh faoi sin dhuit 20, is é M. is fearr a d'inseodh . . . , ní móide go n-inseodh duine ar bith níos fearr ná M. . . . 4. Déanú réiteach is ní raibh aon níos mó 20, . . . ba shin déireadh an scéil. 5. Is mó an t-airgead é fhéin ná mise 20, is mó an t-airgead atá aige ná agamsa.

mo *aid. sheal.* (Mar chuspóir ag a. br., gan réamh. roimhe). Bhí sé mo bhualadh-sa 20. Séard tá mo chur-sa amú 20. Bhí máistir damhnsa mo mhúadh 20.

moch *ain.* Ní raibh ~ ná deireanach aige 20, ní raibh am saor ar bith aige. Ní raibh ~ ná deireanach air 20, bhí sé saor ar feadh an ama.

mochóireacht *b.* Mochóirí 20.

modartha *aid.* Dorcha. Thagadh dath geal eirí ach ní geal gléigeal é, ach mudartha geal 27.1319.

modh *f.* Ní raibh ~ focail ar bith aige 20, ní chuirfeadh sé lena fhocal.

mogall *f.* 1. Claibín na súile. ~ íochtair, ~ uachtair 20. Tá na mogaill ag dúnadh aige 20. Bhí a chuid súile ag dul amach thar na mogaill 20 - le teann iontais. 2. Poll in úmacha sheol an fhíodóra 20. 3. Ag cur na mogaill 19, ag cur na súgán treasna ar an gcloigeann tí [ag déanamh mogall leis na súgáin suas anuas]. 4. Dada. Deabhal ~ a fuair sé 20. Deabhal ~ ariamh a rinne sé le bliain 20. Níl mugal

díonta ó mhaidin agum ach a' córá le chuile dhuine 24. *Níl mugal á dhiona sa mbaile mór* 24. *Ní ra mugal go bhárr a shaoil aige nach ra caité agus óltaí aige* 24.

moghailéad *f.* Moghailéar (*q.v.*) 20.

moghailéar *f.* 1. Cloch mhór, moghlaeir 20. 2. Duine mór trom. ~ *de bhean* 20. 3. Rud mór. *Is breá an ~ de theach* é 20. ~ *de chruach mhóna* 20. ~ *maith fata* 20.

moghlaeir : **boghailéad, moghailéad, moghailéar.**

móide. *Dheamhan is ~ go dtiocfadh sé chor ar bith* 20, ní móide go . . .

moill *b.* Tá ~ mhór fós air 20, beidh sé i bhfad sula mbeidh sé críochnaithe. A. *Bhfuil tú réidh?* B. Tá ~ orm 20, ní bheidh go ceann tamaill.

moiltín *f.* Moilt beag. ~ *áthach* 19, duine a bheadh ligthe leis féin, é coilgneach, achrannach. *Nach tú an ~ áthach?* 19. *Ní bheidh sé ceart go n-imé sí ina mhoiltín áthach* 19. .

móin *b.* ~ *cheathrún* 33, móin a iompraítear in áit áirithe sa mbád. ~ *ghiolcaí* 20, móin a bhfuil gíolcach trithi. ~ *láibe* 20, móin an-bhog a shuaitear is a ghearrtar ina cácaí. ~ *láimhín.* *Sin móin a bhíoch siad a fháth agus a shua thri na chéile* 24. . . . *á súil is dá brú 'na gcosa boinn agus ansin rinne siad móin láimhín dui* 24 gual. ~ *ucht* 20, móin a bhaintear as ucht, is é sin, an sleán a oibriú amach romhat (agus ní síos fút). ~ *fheoil chapail* 20, móin an-snáithíneach. ~ *láí* 19, móin a bhfágtar an scrath uirthi is a bhaintear le láí.

moing *b.* Tá ~ *fiasóige* air 20, féasóg fhada.

móinín *f.* Nóinín 20.

móit *f.* Ag déanamh an mhuilt 20, ag cúirtéireacht.

móirisear *f.* Mórsheisear. *Bhí an ~ ar fad ann* 20.

moirt *b.* Tá sé ina mhoirt agat 20, tá sé ina 'phraiseach' agat. *Tá sí ina ~ chaoráin* 19, tá sí [móin] ina chaoráin bheaga.

moistreadh *f.* Maistreadh. *Tá an moistire le díona fós agam* 24.

moladh *f.* ~ *muilinn ina thóin!* 19 - focal a deirte dá molfai duine thar mar a bheadh tuilte aige (imeartas ar an bhfocal mol muilinn?).

molann. ~ *le,* comhairlíonn do. *Mhol sé leofa acra eile arúir a chur le cois i mbliana har anuráí* 24. *Bhí sé a' mola liom teach nua a dhíona* 24.

moncaí *f.* D'éire a mhoncaí air 24, d'éirigh sé feargach.

mónóg : **mímóg.**

mór. 1. An + a. teib. + ~. *Bhí an t-ocras ~ air fhéin* 20, an-ocras. *Bhí an aithne mhór agum air chaon nduine gon chúigear* 24 *Bóthar Shiubháine.* *Bhí an faifios mór roimpi* 27.1319. *Bhí an t-ole ~ air agus é dhá dhéanamh* 24 fearg. 2. (a) *Cho ~ le Caisleán a' Phúdair* 24 dallann. *Dhá mbeach sé cho ~ le Cloch a' Phúca caha tú é thóirt leat* 24. *Chomh ~ le súil droichid* 24. *Tá cloigeann air chomh ~ le pota stíleach* 20. (b) *Ní rabh coidheis ó'n lá sin go rabh siad cho ~ le chéile rist le lucht na méaracán* 24 *gruaig.* *Chomh ~ le chéile is a bheadh seanbhó le coca féir* 20. 3. Láidir. *Is ~ mo*

bharúil nach ndíonfaidh sé aon mhaith 20. 4. Coitianta. *Tá tinneas na muc an-mhór armuigh anois* 20. *Amhrán ~ a bhí ansin tamall den saol* 24. *Faisean ~ acub* é 24. 5. An t-ainm ~. *Thug sé an t-ainm ~ amach go minic* 20, dúirt sé an focal 'deabhaí' go minic. *Thug sé an t-ainm ~ uirthi* 20, thug sé 'striapach' uirthi. *Thug sé an t-ainm ~ air* 20, thug sé 'bastard' air. *Tá focla móra aige* 20, bíonn sé ag eascaí. 6. *Tá sé sin ró-mhór agat* 20, tá sé sin iomarcach uait (- ag gabháil buíochais le duine). 7. *Seanathair mór* 19, sin-sean-athair. *Seanmháthair mhór* 19, sin-seanmháthair. 8. *Is ~, is iomaí duine.* *Is iomaí duine ar inse mé dó i dtáobh na sionnai agus is ~ a dúirt nach sionnai gon taobh seo a bhí ionntu* 24 aireach. *Is ~ bhí sé a thabhairt ann* 20. 9. *Is ~ le.* (a) *Is ~ leob a chéile* 20, tá siad in éad le chéile. *Ba mhór leis mé a bheith ag goil in éindí léirí* 20, bhí sé in éad liom faoi mé . . . (b) *Ba mhór leat a ghoil dá íoc* 20, ba leas leat . . . 10. *Ní ~ do,* ní leor do, níl sé sách maith do. *'Shiledá' deir a' gabha leis 'nach ~ dhuit mar atá tú a breanu, ar (sic) bhfuil aon ché a' catha ort?'* 24 ascail. 11. ~ *a(n) seó,* scata an-mhór. *Bhíodh ~ a' seó fear aige a' baint an fhómhair* 24 eascann.

móran *f.* Ómós, urraim. *Níor díonu i gCúirt Rí na Fraince . . . an oiread ~ agus goirm is a déanamh gon bheirt* 24 crú. *Deir mé leiche go raibh mé fíorbhutoch dhui as ucht a' ~ a rinne sí dhom* 27.230. *A' déanamh tílle ~ agus goirm gon Fhéile* 24 Nollaig.

móran *dobh.* 1. Beagnach. *Is é a nionns i gcónaí ~ é* 20. *Deabhal ~ nar mharaigh sí an péire* 20, is beag nár . . . *Tá an coirce istigh ag ~ chuile dhuine* 20. *Téann sé stos ~ chuile lá* 20. 2. Ar éigean. *Ní bhíonn nuafocht ~ ar bith sa taobh seo* 20, ar éigean a bhíonn . . . *Ní ~ le mo bhéil a bhí ite agam nuair a tháinig sé* 20. *Duine nach mbeadh smíd chaint ar bith aige ~* 20.

mórchónaíonn. Déanamann moill mhór. *Níor stop sé is níor mhór-chónaigh sé* 19 (Sa ngnáthchóra a dúradh é agus ní sa scéalaíocht).

mórchuthach *f.* Fearg mhór. *Faoi mhórchuthach* 19. *Le ~* 19.

mordarálann /mordara:lən/. Dúnmharaíonn. *Dá mordarálfaí* é 19.

mórdheifir *b.* Deifir mhór. *Le ~* 19.

mórdhonnach *aid.* Le doirn mhóra. *Is air bhí na lámha fada mór-dhonnach* 24.

mórgarla *b.* Muirghalar 19.

mór-mhór. Mór mór. *Bíonn sé an-fhuar anseo go ~ sa ngeimhreadh* 20. *Deirtear le fataí mhór-mhór é* 20. ~ *an t-am seo bhliain* 20. *Go mhór-mhór* 19. mórsheisear : móirisear.

mórsúil *b.* Maise. *Deamhan go leor slacht ná mórsúil in roinnt mhór go lucht na smigeanna féasóg atá ag imeacht inniu* 24 smig.

mórsuimniúil *aid.* Mórálach. *Tá daoine ann agus tá siad cho ~ antú héin is go beag nach gcaitheá an bealach fhágáid dhaof* 24.

mórsnámhach *aid.* (Bád) domhain san uisce 19. mórtanas *f.* Cairdeas mór. . . . *deiridh a chuir leis*

an náimhideas agus ~ a bhe eatarthu fads a mhaireach siad aríst 24 beannaíonn. Go bharr a' ~ a bhí eatartha níor mhaith leo é a eiteach 27.472. . . . chámil sé [tarbh] a phus go mo bhéal le ~ 24 cimlíonn. . . . an ~ agus a' teanntás a bhí sí a chatha liom . . . 24 bean.

mórtas f. Cairdeas. Ag díonamh mórtais léi 20.

mórthoil b. Le do mhórthoil, le do thoil (le hómós). Ligfidh tú amach anseo mé le do mhórthoil 32.

mosán a. br. Clamhsán. Ag ~ i gcónaí 20.

mosúch f. Duine smutach pusach. Nach é an ~ é! 19.

móta f. 1. Carnán mór. Tá feamain reath[a] in a mótaí air na tráití hart siar a' bealach ann 24. ~ sneachta 32. Tá mótaí feola air 20, tá sé an-ramhar. 2. Tá motaí codlata orm 20, tá an-chodladh orm.

mothaíonn. Bagraíonn. Mhotha an sagart le na láimh go na daoine thócht i ngar dó 24.

mothú f. 1. Tuiscint. Ní fhaighim ~ ná meabhair air 20. Tá sé ag cinnt orm ~ ná meabhair a fháil ar an bpátrúin seo 20. 2. Níl aon mhothú iontab 19, níl aon tuiscint iontu.

mó 'yonder' /mo: 'jandər/ dobh. Máguaird. 'Fua mé hart ~ a' baile inniu' a deir sé, 'soir Bothar a' Leacht agus anoir Bothar a' Choiléir' 24. . . . atá sé scapatha air a' gcontae ~ 24.

múán f. 1. Maothán (na súile). Titeann ~ acub 20 (ag caiple óga). Bheadh ~ aige 20 (ag capall). Tóigiú ~ aige le snáthad mhór 20. 2. Súil. Oscail do chuid múáin! 20.

muarlacan f. Duine liobarnach giobalach gan cuibheas 20.

muc b. 1. ~ na muice. (a) Ní bhíonn múna na muice air chour dhuine 24 múnadh . . . béasa ar bith. Níor thug múid seó na muice dhóibh 20. Níl náire na muice air 20. Bhí fir ann na dhiaidh sin agus réis dílseacht a gcuid cainnte nach rabh focal na muice acu 24 péiste, . . . nach raibh focal ar bith acu. Ba shin é dlí na muice 20, . . . drochdhíl. Níl cuma na muice air dhream na bpislí 24 pislín. 2. Muic ná mada. Ní woe tú cóir mhuc ná mhada sa tseachtain 24 mí. Níor fhág sí déal [díol] muic ná mada gan tóirt orm 24, thug sí droch-íde béil dom. 3. Thug sé bualadh maith na muice dhó 20, . . . an drochbhualadh. 4. Ó rugadh na muca, ó thús an tsaoil. Ní dhéar na mé an oiread ionadh g'aon cheo ó rugu na muca is a rinne mé duiche 27.1422. Ó rugu na muca ní díonú an oiread iona g'aon cheo agus a déanamh go Henry Anraí 27.636. Ó'n lá a rugu na muca ní rinne sén oiread gáirí is rinne sé an lá sin 24 féile. 5. Sílim nach bhfuil air fad ann ach a' cuir cloigne ~ air chaoirigh 27.1395, . . . ag cumadh bréaga áiféiseacha. 6. Bhí dáimh gaoil aig fear acu leis a' bhfear a cheanna an tala . . . iad féin a bhí ann, cuid gon mhuc a driobal 27.642, . . . aon dream amháin iad lucht gaoil. 7. Nach deas é an luighe muice 20, . . . an síneadh siar go compordach. 8. Tá grúsacht muca talúna acub 20. (- ní hionann agus muca mara). 9. Drad muice 20, drad uachtair capaill níos faide chun tosaigh ná an drad íochtair.

mucáil a. br. Mucaireacht 20.

mucálaí f. Mucaire 20.

múchann. 1. Dúnann (béal poill). Mhúch mise an poul a bhí air mo chlaí féin 27.1097. D'fhan a' t-ainm aig imeacht i gcónaí air a' tobar nó gur múchú é i gceann go na blianta air scrios garla na muc an baile 27.296. Tá an talamh sin múchta aige 20, tá lorg na n-iomairí bainte as ag múcha isteach na ndíogaí 24. Múcha mé an poul air báil 24. Tá a shrúin múchtaí ag sloedán 24. Dhá bhféataí pruceais a' tsionai a mhúcha agus é istí, cáilí inntí shiar é 24 sionnach. 2. Plúchann. Ní chloiséad tada ina thaobh anois, mhúch a' dlí é 24.

múdaráil a. br. 1. Sméarthacht. Bhí sé ar sról [siúil] agus a' ~ lena mhéir 24 focaíocht. Feabar ciodós ~ a bhí aige leiche bhí buidéilín a' bhala breá na láimh aici agus dhóirt sé eirlé 24 dóirteann. . . . a' múdráil faoi na ndourna sa dorchadas 27.142. 2. Útamáil oibre. Feabrai ~ nó bearra driseacha a bhí [mé] a dhéanamh hart leis a' mballa 24 géireacht. . . . a bhean a' ~ leiche ar fud a' tígh 24 feoil. Tá ~ go leór le díona hart air theach tuáí sa ngeimre 24. Ní ra fuacht ná leisce orú, bu mhath a' locht múdarála iad 24.

múdarálaí f. Rúpálaí, útamálaí. Sí obair a' mhúdarálaí a láimh bhe buailte an chuile rud aige 24.

mugadh magadh. (Mar aid.). Gan mhaith, beag, suarach. Ní crann muga-magadh a bhí ann 24 géag. . . . thosa an bháisteach agus níorbh í an bháisteach muga magadh í 24 cathú.

mugailt a. br. 1. Cogaint. Ag ~ tobac 20. Ag ~ chainte 20. Is ort atá an mhugailt air 20 - le duine a bhí ag caint go doiléir. 2. Clamhsán. Bhí siad a' ~ 'sa glámóid eatorra féin 27.529.

mugarlach f. Mungarlach. Duine a bhíonn ag mungailt chainte 20.

muicea(r)lach f. Mucaire. Nach é an mhucealach shalach é 20. Rinne sé muicealach dhó fhéin le ól 20. Níl ann ach muicearlach ag obair 20.

muicín b. Muicíní buí, giotáí turnapáí bruite i min choirce agus uisce. 'Mbait leatsa' deir sé 'na muicíní buí le na fataí?' 24. Ní bhéartha daoine bolg go muicíní buí anois le fataí mar bhfách siad anlann ní b'fhéar 24.

muileata f. Ná caith is ná cáin an ~ 20 - a déarfai nuair a thógfaí cúig le muileata dráimh ag deireadh cluiche.

muicíneach b. Muc (bheag?). (I scéal). Mara maró tusa an mhucíneach bhreacíneach . . . 24 muc.

múidín f. Duine nach ndéarfadh focal. ~ nach raibh focal aige 19.

múidínteacht a. br. Ag fanacht gan smid chainte 19.

muileann f. 1. ~ ar an móin, caint bhladhmannah ar bheart nach gcuirfear i gcrích. Sén rud céana '~ air a' móin' nó 'cat is dá rubaí' a dhéanamh 24. Dhíonach siad ~ air a' móin le cainnt 24, tá an-chaint bhladhmanach acu. Déanfha siad ~ ar a' móin . . . má thugann tú áird air a ngealladh siad a dhéanamh 24. Déanfha siad a' diabhal sa mháthair agus ~ air a' móin le caint . . . ach níl ar

fad ar ball ach gaoth 24. 2. *Dul trí na muilte, foghlaim de bharr cleachtaidh. Go bhárr a ghoil thríd na muilte an séasúr roimhe ní raibh tada nuíosach agam* 27.111. . . . *chuagh mé féin thrí na muilte mar bhíod[h] caoire agam féin píosa maith go mo shaoil* 27.1441. 3. *Níl samhail ar bith aige ach ~ 20 - le duine an-cháinteach. Is geall le ~ ag caint é* 20. *Claibín muilinn* 20, *cabaire*.

muilinne *b.* Muinchille 20. (*Muinille freisin* 20).

múille *f.* Miúil. 1. *Ag déanamh ~ dhó fhéin* 20, *a mharú féin ag obair. Tá sé 'na mhúille* 20, *tá sé marbh ag obair. 2. Gheobhaidh sib bás an mhúille* 20, . . . *bás gan sliocht.*

múilleach *f.* Múille (*g.v.*). *Ná déan ~ dhíot fhéin* 20, *ná hoibrigh róchrúa.*

muilneoir *f.* Muilleoir 19.

Muimhneach /mi:n'əx/ *f.* 1. *Duine as Co. an Chláir* 20. 2. *Is é an ~ é!* 31, *is é an duine glic é.*

Muimhneach /mi:n'əx/ *aid.* 1. *An Tír Mhuimhneach* 20, *Co. an Chláir. 2. (Aid. threise) Chuir sé an bhruth Mhuimhneach air fhéin lér ith sé* 20, . . . *chuir sé an-tart air féin . . . Ná bíodh cáir Mhuimhneach ort anois!* 20, *ná bíodh straois mhór gháirí ort. Cuirfidh mise an cháir Mhuimhneach ort!* 20. *Suigh síos nó cuirfidh mise céir Mhuimhneach ort* 20, . . . *fágfaidh mé ceirín ort. Chuir sé dáir Mhuimhneach air fhéin lér ith sé* 20, *chuir sé teaspach . . . Tá siad in an a' phlá mhaoineach a chuir ort le caint, go síleá nach ledhach a t-im in a mbéul* 24 *cinéál, . . . dallamullóg . . . Chuireach muintir a' bhaile sin anois a' phlá mhaoineach ort le caint* 24 *baile. Is ionann é [climíní a chur ar dhuine] freisin le cuir a' phlá nó bláth mhaoineach air dhuine* 24 *climíní. Chuir sé tarr Mhuimhneach air fhéin lér ól sé* 20.

muinchille /min'it'ə/. *Fua siad in a mhuinchile go minic leis a' scéiméarach sin* 24 *tochtlaíonn, d'imír siad air le plásaíocht. Catha sé, a Shéamuis gur airridh siad bog thú le go ndeacha siad in do mhuinchile* 27.713. *Duine a bheadh ag goil suas i do mhuinille agus dealg sáite sa taobh thiar aige ort* 20. *Ffr. muilinne, muirille.*

muineál *f.* 1. *Sén t-ól a bhris a mhuineál* 24, *a d'fhág san ainríocht é. Siad na cleamhnaí a ndeacha sé a' plé leof a bhris a mhuineál* 24. 2. *Cuir faoin muineál é* 20, *ceannaigh ar cairde é.*

muinice *f.* Folt mór. *Bhí ~ gruaige air* 20.

muinín *b.* *Ní bheadh mórán ~ agam as* 19, *ní bheadh mórán dóchais agam go n-éireadh sé ón tineas. Ní ~ mhór anois é* 20, *níl mórán dóchais ann go leigheasfar é. Bhí chuile mhuinín aguinn astu go n-éireadh leo . . .* 27.1403.

muinéach *aid.* *Iontaofa, sábháilte. (Le háit) Ba dhé an dít ba muiníní é dá mbéaradh an oí orrainn* 27.998.

muineoir *f.* Muilleoir 20.

muintreach *aid.* *Muinteartha. Bhí sé níos muintrí aige ná an fear eile* 20, *níor gaire i ngaol. Duine ~ 20, gaol. An-mhuintreach le mo mháthair mhór* 19, *an-ghar i ngaol le . . .*

muintreas *f.* Muinteartha 20.

muintreasach *aid.* *Muinteartha. Daoine lách ~ bhí iontú* 24. *Ní uaitheá dhá bhaile a bích níos muintreasal le chéile ná iad* 24.

Muire. *Ribe ~ 20, ribe gruaige ar bhall dóráin. Seamair Mhuire* 20, *seamróg na gceithre mbilleog. Searrach ~ 20, cineál ballaigh. Sine Mhuire* 20, *sine bhreise gan bainne ag an mbó. Cra Mhuire. Dhá chra nó trí amantaí agus iad a' fás in aon cheann amháin, sin cra-mhuire* 24.

muirille *b.* Muinchille 20. *Ffr. muilinne, muinchille.*
múirín. 1. *Cinéál créafóige, mianach tala móna inti, idir bhog agus chrúa* 24A. *~ atá ann, ach gur talamh maith cimín é* 27.416. *Talamh ~ 24 talamh. 2. Leasú a dhéantar le láib mhóna, créafóg agus feamainn a mheascadh* 20.

múise *b.* Scamall dorcha. *Féach a' mhúisc atá a' téacht air a' spéir siar ó dheas, aire dhíobh air bháisteach* 27.1471. . . . *dhubha sé suas le múisgeanaí móra dubha touríní a chruinní hart air bhun an aeir* 24 *cloch sneachta. A mbriseadh a' ghrian amach thrí na múisceana sin* 24 *gealán.*

múiscealach *b.* *Bean mhichuibhiúil. Nach í an mhúiscealach í* 20.

muiscín. *~ maiscín, sa rann: Nead ag an ~ maiscín / nead ag an gcaisín cloch / nead ag an éinín nach silfeadh / nead ag an maoinín dod* 20.

múiscíúil *aid.* 1. *Scamallach agus dorcha. Thosaigh an lá aig éirigh ~ 27.1282. Nuair a fheictear iad sin [néalta dorcha] 'atá an spéir aig éirigh ~' abraíonnns siad* 27.1471. 2. *Gruama. . . ar fhear nó bean a bhfuil siocair fhánach ar bith in an iad a chuir a breanú múisgiúil* 24 *pus.*

múiscríobhach *aid.* *Dorcha crosach as éadan* 19.

múisiríún : *miosarún.*

muisteais /muʃdʲaʃ/ *b.* *Moustache* 20.

muistiúil /muʃdʲu:ʲ/ *aid.* *Míbhíoch. Sácht ~ ag goil abhaile dhó* 19.

múitseáil, -álaí : *máidhtseáil, -álaí.*

muirghalar : *mórgharla.*

mullach *f.* 1. *~ cinn* 20, 'head over heels'. *Rinne sé ~ cinn isteach ann* 20, *thit sé, thom sé i ndiaidh a chinn . . . Rinneadh ~ cinn dhaom* 20, *cuireadh isteach mé i ndiaidh mo mhullaigh. Bhí seacht ~ cinn díonta a'm* 20, *bhí mé tar éis titim i ndiaidh mo mhullaigh go minic is mé ag casadh san aer. Mhuise, -álaí ~ do chinn fúit!* 20 (*eascaine*). 2. *Ag díonamh ~ in airde* 20, *ag déanamh 'head over heels'. 3. Uachtarach. Níor bhain sé ach an barr mullaigh* 20, . . . *ach an chuid uachtarach (den charraigín). 4. Shf. Tháinig tú in aghaidh do mhullaigh agus imeoidh tú in aghaidh do chos* 19. 5. *Mullaí cinn, troid (ag mná) a mbeadh tarraingt gruaige i gceist. Dhá bhfeicéad dhá bhean tincéaraí . . . agus é ina mhulac cinn acu . . . 2A leiceann. Bhí sé ina mullaí cinn ag a' mbeirt* 24 *páiste, bhí sé ina achrann. 6. Cloigeann táirne. Ná bain a' ~ gon táirne ná fhéadann tú* 24. 7. *Mullaí gorma* 20, 'knapweed'. 8. *Barr ar. ~ a' mí-ádh bhí an cogadh mór ar sról* 27.9. 9. *Lár. . . mullach an Gheimhridh dhubh ceart* 27.72. . . *san oí mhór fhada i mullach a Gheimhridh dhubh* 27.128. 'Go

dtuga Dé ábhar gáirí dhúinn i ~ an anró?' a deir sé 24 ábhar.

mullach² : **mallach.**

mullachán *f.* *Tala crochta nach mbíonn mórán fóid air 24. ~ éadrum brodach, ní fiú bhe dhá chur . . . 24 ' . . . loimeacht an mhullacháin' 24.*

mullachán *f.* *Cailín beag. Ní fhaca tú mórán ~ go chailín a' bích nach bhfuil sí cho poirtúil leiche 24. mullóg b. Bhí sé faoina mhullóg fhéin aige 20, . . . faoina smacht féin. Fuair sé faoina mhullóg fhéin [feamainn] 20, . . . gan baint ag duine ar bith eile léi.*

múmóg b. *Mónóg. Múmógaí allais 24A. (Mar a. br.) . . . is a múmógaí alluis a bheitha 24 camán.*

mún f. 1. *Ní choisfeadh ~ cait é sin 19 - le lao a bheadh deacair a choisceadh ó dhíul. 2. ~ sa leaba, caisearbhán. Bhíoch faitíos air pháistí fadó agus sílim go bhfuil fós an ~ sa leaba a bhaint 24. Bíonn an-tóir aig turcais óg air a' ~ sa leaba 24.*

munacháinín f. *Cluimhreach bog féasóige ar stócach nach mbeadh á bhearradh féin fós 20.*

mungaílt : **mugaílt, smugaílt.**

mungarlach : **mugarlach.**

múnláilte aid. bhr. *Dea-chumtha 19. Tá sé an-mhúnláilte 20.*

múnlóir f. *Ball acra cruinn adhmaid le mogall eangai a thomhas 19.*

múr *1. ~ feóchain, múr nach gcaithfeadh mórán báistí ach a shéidfeadh go trom. Níor aire tú mórán ~ feóchain le fada bu láidre ná é 24. 2. Babhta achraimn, babhta feirge. . . gur ~ achraim bhí i geicist an uair sin 24. Ó d'ímíodh a' ~ hart ní raibh siad amui air shása ná air dhíoltas ar bith eile hairis sin 27.167. . . . ach ghabhadh sé párdún leó nuair a bhíodh a' ~ thart 27.697. 3. Ábhar buartha. D'fhuara an scéul agus d'ime an ~ hart 24 dáil. Glacaf misneach, b'fhéidir go bhfuil a ~ hart agus an anachain imí 24 caitheann. D'ime an ~ hart agus ní dírú aon cheo leiche 24 greamaíonn. 4.*

Scata. Phós ~ acub an bhliain sin 20. Tá ~ clainne aige 20. Tá ~ acub [mioltógaí] ann 20. 5. Báire. Chonaic mé ~ ronmach ansin amuigh 19.

mura cón. A. *An raibh aithne agat air? B. ~ raibh! 19, bhí go deimhin. A. Tá saol breá thiar agaibh. B. ~ buill! 33. Ffr. mara.*

múraíl b. *Bhí ~ allais leis 20, bhí sé ag cur allais go tréan.*

muráite f. *Bráite iascaigh. 1. Bhí sí ar mhuráite ann 19. 2. Cloch mhuráite 19, cloch ancaire. Ffr. bráite.*

múralán f. *An chuid bhog de chois na bó atá os cionn na crúibe. Nigh a' ~ go math ar fhaitíos gur táirne nó staic go dhealg a bheach ann 24. 'Is air a bhí na ~ is mó a chonnaic mé ariabh' a deir sé 'go laogh sean-bhó' 24.*

múrbháisteach a. br. *Múraíl 20.*

murchadh /mroxo/. *~ na gcóblaí 20, feithideach éigin a bhfuil sciatháin air, rinsí ina dhroim, cruadhromanach, béarfaidh sé ort.*

múrghala f. *Muirghalar 19. (Mórgharla freisin 19).*

múrlach f. 1. *Lochán a dtagann an taoide isteach ann le linn rabharta. 2. Glaschuan (q.v.) 19.*

mursúil aid. *Mursanta, dian. ~ ar an gclann 19. ~ ar an asal 19, ag baint an iomarca oibre as.*

múscadh f. *~ beag 20, dorchú beag.*

múscán f. 1. *Súil. Oscail do chuid mhúscáin! 20. Do dhá mhúscán 20. 2. Rúta (feamainne, gruaige). Thug sé leis ón ~ é 20 (le curraigin). Thug sé an chluais ón ~ leis 20. 3. Rudaí beaga bána a fhasann ar charraigreacha. Fan ón ~ nó roisfidh sé thú 20.*

múscalí aid. *Dorcha, múscal. Tá an lá inniu an-mhúscalí 32. Tá siad cionál ~ 20. Uisce ~ 20.*

múscalaíonn. *Múscloídh an ghrian amach 20, gealfaidh sí, scalfaidh . . . Tá siad [bláthanna] ag múscailt amach 20, . . . ag oscailt . . .*

mútráil a. br. *Útamáil, siúl místuama 20.*

mútráil f. *Útamáil, siúlóir místuama 20.*

N

ná cón. 1. *Dá. Ná dtugadh, d'innseadh sé dhuit é 20. Ná mbeadh, nach gcleisfinn caint air 20. 2. Agus ná (+ módh ord.), agus mura. Tosaím anois air agus ná bíodh sé críochnaithe Dé Satharainn a'm, beidh mé ag iarraidh cúnaimh ort 20. 3. (Le treise) A. Dún do bhéal. B. Ní dhúnfaidh, ná mo bhéal 20. M'anam nach ngabhfad, ná i mbliana 20. 4. Nó. Céb fhearr leat te ná fuar iad? 20.*

nach cón. *Ach. Níor rinne sé ~ úlla a chaitheamh anuas as an gcrann 20. Bhí mé sásta ~ é bheith imithe 20. Tíocfaidh siad sa teach ~ a n-í mí tú 20.*

nádúr f. 1. *Aimsir bhreá shéasúrach. Ó hainic a' ~ san uair le seachtain thosa crann agus tom a' geine 'mach go breá leis 24 gineann. Tá ~ breá san aimsir 20, tá sé go bog is go te. 2. Bhí brí thar an ~ ann - bhí sé chomh láidir le capall 20. 3. Dúchas. Bhí an Ghaeilge ó ~ aige 19. Gaeilgeoir ó ~ é 19. Tá sí [an Ghaeilge] cho blastaí ag cuid acu is dá*

mbeadh sí acu ó ~ 24 blasta. Ach catha sé nach m'as a' mbaile ó ~ é 24 píobaire. Ag imeacht le ~ 19, le dúchas. 4. . . . sé mo bharúil gur fada a choinne cuid acu an maide a bhíodh acu na laethanta sin le ~ leis 27.1425, . . . le cion air de bharr seantaithí. Chuirfeadh sé an ~ ort 19, spreagfadh sé bá is 'nostalgia' ionat.

nádúrach aid. *Nádúrtha 20. Tá sé ~ aige a bheith fuar 20. Níor tháinig an bhliain ~ 20. Deir siad go bhfuil bláthach, gabáiste ghlas agus inniún an-gon cholainn 24.*

naigin : cnaigin.

naire b. *D'ith sé a ~ 20, ghéill sé go humhaí. Nuair a eiríonn mí-thapa go chailín óg 'cháil sí a ~' a deirtear 24.*

náiríocht b. *Cuthaileacht 20.*

námhadach aid. *Naimhdeach 20.*

nán f. *Dán. Deir siad go raibh trí ndán ceapa g'fhear*

is gurb é ndán pósadh a bhí air cheann acu 24 pósann. Níl aon ~ ann ach aon ~ amháin 19. Cé mhéad cionál ~ ann? 20. . . . nach raibh ndán sábháil go aon phrotastún 27.1035.

naofa *aid.* *Dhá mbeithéad cho ~ le Peadar bhaineach sé mionna mór ní fheisín [ina dhiaidh sin] asat 24. Nach ~ an áit í 20, nach aobhinn . . . (an fharraige, lá a raibh míoltógaí géara ar an talamh).*

naoi. *Sa ~ dtráth, go hannamh. Ní raibh m'aghaidh air dtí Chéileachain chon oiread mbu [mura] raibh babhta sa ~ dtráth 27.1005.*

naomhacht, naomhaíocht *b.* 1. 'Sioraíocht', achar an-fhada. *Cha mé an naomhacht mo sheasa ag teach a phosta a' fanacht leis hal má hainic sé 24. Cha siad an naomhacht shíos hal má hainic siad [síoilta] 24. Beidh naomhaíocht caití sa bpríosún acu hal má trídílíor iad 24. Chaith siad [síoilta] a' naomhaíocht a' crothaireacht roimh a rug siad air a ngréim 24. 2. Naofacht. *Ag cur síos ar naomhaíocht 19.**

naosc : aoscach.

naprún *f.* 1. Uachtar pota gliomaigh 20. 2. Stráice adhmaid ar thaobh báid 20. 3. Stráice éadaigh ar fhad matail in íochtar 20.

nead *b.* *Níor fhág sé oiread [féir] ina dhiaidh is a dhéanfadh ~ circe 20.*

neaicpín /n'ak'ip'in'/ *f.* Naipcín, seáilín cloiginn 19. ~ cinn 19, id.

neaidín diú diú. Cleas gasúr. Deirtear le gasúr go dteaspáinfeair ~ dó ach a shúile a dhúnadh agus a lámh a chur amach le breith uirthi. Rud salach a chuirtear ina lámh 24.

neadléail /n'ad'l'a:l'/ *a. br.* Fidleáil. *Ag ~ leis 20.*

néal *f.* *Ní raibh ~ orm ach oiread leis an eascann 20, ní raibh codladh ar bith orm. 2. Tá ~ air 20, tá taom mire air. Tá néaltrachaf tobac air 20, tá sé as a mheabhair cheal tobac. D'éirigh ~ sa gceann air agus bhí sé chomh dona is go mb'éigean é a chuir 'soir' 24A.*

neamh *b.* *Shílfeá gur ó ~ atá tú ag fáilt do chuid beatha 20, . . . nár ghá duit obair a dhéanamh lena tuilleamh.*

neamh- > /n'a/ roimh chonsan sna samplaí a leanann thíos. Bíonn an príomh-aiceann ar 'neamh', agus fo-aiceann ar an bhfocal a leanann é.

neamhaí *aid.* Ciúin, i ngan fhios, formhothaithe. *Mar d'áródh a ceó rist d'éala sé [an fliú] chomh ~ is a hainic sé 27.110. Hainic sé chomh ~ nár airídh mé ríomh é gur chuir sé a cheann sa doras 24. 'Bhfaca tú báisteach ar bith aríomh a hainic chomh neamhaí léi?' a deireadh fear 24, . . . a tháinig gan aon chomharthaí roimh ré. 'Bheadh siad [meáchain cloig] a' titim anuas aríst go neamhaí 27.151. 2. Leamh. *Ubh gan salann, bheadh blas ~ uirthi 20. Duine ~, duine nach mbeadh ag tabhairt airde ar do chuid cainte.**

neamhbhráigill. *Ar ~ leis an saol 33, neamhspleách de bharr saibhris.*

neamhchleachtadh *f.* *Bhí ~ orm 19, bhí mé bainte as mo chleachtadh, d'airigh mé uaim an rud a*

mbíodh cleachtadh agam air. *Bhí sí ag géimreach le ~ mar gheall air nach bhfuair sí buicéad 19.*

neamhchothaoch *aid.* Cairdiúil 19.

neamhdhearfá *aid.* Éigcinnte 20.

neamh-ionadh /N'a,j:i:nə/. ~ *sin dhó!* 19, ba dhual sin dó, níorbh é an chéad uair aige é sin.

neamh-mheabhach *aid.* Dearmadach. *Tá sé ag éirí ~ anois 20.*

neamhspléúil *aid.* Neamhspleách 20. . . . *a bheith ~ le chuide dhúine 20.*

neamhthuirim *b.* Tuairim dhona, drochmheas 20.

neamhthuirimeach *aid.* Ar bheagán measa. *An ~ faoi 20. Bhí sé ~ de do chuid oibre 20.*

neamhthuilleamaí. *Tá mé ar ~ leis 20, tá mé neamhspleách air.*

neamh-urramach /N'a,horəməx/ *aid.* Neamh-mhodhach 19. *Ffr. neas-urramach.*

neamháireach *aid.* Neamháireach 20.

neamhúch *aid.* Neamh-mhodhach, neamh-urramach 20.

neamhúch *aid.* Neamhbhuíoch 20.

neart *f.* 1. Fairsingeacht. (Leanann an t-alt go hiondúil é) *Áit a mbíonn ~ na ndaoine 20. Tá ~ an chriathraigh acub 20. Bhí ~ na laontaí iontab agus ~ an ime 20. Tá ~ an éisc taobh amuigh dhóib 20. 2. (I leag, dearfach) Cumas ar rud a chosc. *Is aig a' bhfeair é héin is mó a bhí ~ air, a choinne rómhór sa mbealach ar a' gcár 24. 3. As a ~, ar a dhícheall. D'airídh sé na síogaí a góil a rann as a ~ 24 cruiteachán. 4. Inniu bhí sé ina ~ 20, inniu bhí sé (an rabharta) lán. 5. ~ den cheart, bhí sé go lách 20, leis an gceart a dhéanamh . . .**

neartaíonn. 1. ~ *le, teannann le (agus é ag neartú). B'éigean dom cur dhíom nuair a chonaic mé a' neartú liom isteach é 24. Déanadh sé droch-thranóna, tá an tóirneach a' neartú linn 24. 2. . . . is a' neartú orainn a bhí an faitíos 24, ag éirí níos measa orainn . . . 3. Feabhsaíonn. *Thosaigh an saol ag neartú 20. Neartaigh an saol ó shin 20.**

neascóid /N'isgo:d'/ *b.* Cuirfidh mise ~ chléibh ort! 19 - focal bagartha ar ghasúr. *Ffr. ioscoid.*

neas-urramach *aid.* Neamhurramach 20.

néil. *Lá néil, 'sin lá breá thagann in aimsir droch-uairtha' 24 lá, peata lae, lá an-te tirim le linn droch-aimsire.*

ní. ~ *mé, ní, a fhios agam, ba mhaith liom a dhéanamh amach. Chomh holic le ~ mé go té 20, an-olc ar fad.*

ní² *f.* Rud. *Tá ~ mór eatrab 20, tá difríocht mhór eatrab. Chuir sé ~ mór as duit 20, chuir sé as duit go mór. Ní maith ~ dhá bhfuair sé riamh 19 - focal a deirtear tar éis beithíoch a mholadh ar fhaitíos go ndéanfaí drochshúil de. (Tá 'sé' ag tagairt don úinéir).*

ní³ : tí.

niarra (?). ~ *mé, ní mé. Ni-iarra mé cén t-údar a bhí acu le go ndeacha siad a' plúncia chéile 24. Ndéara mé beo cé ndeacha na crúibíní 24. Ndéara mé beo ce bhfuair sé an scoldaireacht atá air 24 scoldaireacht. N'iarra mé beo ciod tá a' coimmedil na bpáirtí gan a theacht 24 páirtí. Ndéara mé beo sa saol ciod tá*

a' cuir a' rachtmail sin oru 24 rachtmal. (< an iarr-faidh ?, an ndéarfaidh ?).

nic-sheais /n'ik' /n'ak's/. Rudaí beaga deasa gan mórán tairbhe. *Oiread ~ caite ar an mbord* 19.

nimh b. 1. *Bhí ~ air a' lá inniu le fuacht* 24, lá fuar feannaideach a bhí ann. **2.** *Bhí barr nimhe air* 20, bhí sé an-chantalach.

nimheanta aid. Gangaideach. *Chomh ~ le tóin meach, . . . le tóin thiar den dearga daol* 19.

níochán f. *Mná níocháin* 20, mná a níonn coirp.

níonn. *Má theagann seisean, nigh do chosa* 20, . . . tá tú réidh.

níos : tíos.

nipeáilte /n'ip'a:l'tə/ aid. *Tá an bád ~* 19, tá an bád ina luí ar an ngrinneall ar éigean (ach fós sa bhfarraige).

nipillín /n'ip'il'i:n'/ f. ~ *páiste* 20, dide bréige.

niúdar. 1. ~ *ná neádar*, caint ag cur in aghaidh ruda, caint bhraiteoireachta. *Níor bhain sé ~ ná meádar as ach gas* [gach is] *air iarr mé air a' mbullán a thabhairt dom* 24. *Níor bhain sé ~ ná neádar as ach é a thabhairt dhom* 24. *Fear mór láidir . . . a raibh an t-an-duíl air aghaidh ann agus nach nglacadh ~ ná neádar ó aon fhear* 27.398. *Níor dhubhairt sé ~ ná neádar ach chomh luath sa hainig sé go dtí é . . . an bhróig a thabhairt sa tóin dó* 24. **2.** *Leathscéal. Níor ghlac sé ~ ná neádar woe* 24. *Ní ghlac mé ~ ná neádar uaidh ach a bhualadh faoi bhun na cluaise* 24. *Ní glacú ~ ná neádar woe ach a' chruit a bainiú gon fhear eile a bhuala nuas as cionn a' cheann a bhí air* 24 bréidín.

niúide neáide /n'u:ðə n'a:ðə/ f. Duine gan ghus gan bhí. *Ag imeacht ansin i do ~* 20.

niúra neáidí /n'u:rə n'a:ði/ f. Niúide neáide (q.v.). *Deirtear go minic le fear nó bean nach bhfuil mórán gus ionntu, níl ann ach '~ g'fhear' nó '~ go bhean'* 27.542.

nó cón. 1. (Le treise) . . . ~ *go dtí aimsir an chogaidh* 20. *Bhíodar mar sin ~ go ceann dhá lá dhéag* 20. **2.** *Go. Is mór mo bharúil ~ tarlóidh rud eicint fós dó* 20.

nóiméad f. *Ar an ~ boise* 20, ar an bpointe boise. *Ffr. úiméad.*

nóin : diúin.

nóimín f. ~ *í cladaigh* 19, bláthanna beaga

liathchorra a fhásann ar an muirbheach. *Ffr. móimín.*

Nollaig /n'olik'/ b. 'Óf Nollaig Mór na hÉireann' tugtai air a' mbaile fadó eirí 24 dorchadas. *Mo chuide den ~ ort!* 20, dea-ghuí a chuirtear ar duine lá Nollag. *Ag ceannach na Nollag* 20, . . . earraí ar leith don Nollaig. *Maidin oíche Nollaig* 20, maidin an lae roimh Lá Nollag. *Tráthnóna oíche Nollaig* 20, tráthnóna an lae roimh Lá Nollag.

nós : is 7.

nós f. 1. *Bu dhé an ~ beatha a bhí ann san am é* 27.61, . . . nós maireachtála. **2. (a)** (Gan an réamh. ar) *D'fhúill sé aríst ~ a mbeadh dearmad díonta aige ar rud eicint* 20. *Thosaigh sé agus ~ nach mbeadh sé de mhisneach aige é a chríochnú . . .* 20. *Tá sé ~ a mbeadh rud a thiúrfaidh an cut isteach lá fliuch* 20. **(b)** *Ar ~ + a. + br. Bheinn á ciceáil ar ~ a mbeinn ag ciceáil mada* 20. *Tá sé ag báisteach as gaoth anoir-aduaidh anois ar ~ a mbeadh sé faoi Nollaig* 20. **3.** *Ar ~ > ar 'ós /er' u:s/.* **(a)** *Tá siad caol ar 'ós a mbeadh breáin ann* 20. *Tá sé ar ós a mbeadh traidhsleán nuair atá sé ceangailte suas* 20. **(b)** *Ar ós mar a bheadh fear ann bheadh ag iascach i gceitheamh na hoíche - é fliuch báite* 20. **(c)** *> ós. Pé brí ós a mbeidh sé* 33. **4.** (Fora. ina dhiaidh). *Chuir sé iallach air a bhéilí ithe ar ~ é fhéin* 20. *Duine ar ós thú fhéin* 20. (ar mo, do, etc. ~ féin freisin 20).

nuallach aid. 1. Uaibhreach. *Duine an ~ a bhí ann* 20. **2.** Duine do-shásta, clamhsánach, so-ghortaithe 20.

nuallaíocht b. Cantal, tugthacht don chlamhsán 20.

núbhán aid. (Talamh) ligthe chun báin le bliain. *Ní bhíonn sé [sciortán] i dtalamh cur ná on [in] talamh ~* 27.1431.

núbhriste aid. bhr. Briste tar éis a bheith tamall maith bán. *Talamh ~* 24 péist rua. *Garraí ~ a bhí ag a gcómharsa ach seangharraí a bhí aguinne* 24 péist rua.

núdhionta aid. bhr. ~ *ina shagart* 24 tabhair.

núí aid. Nua. *Bhí mé an-~ ag píosa de bhreac* 19, ba nuafocht mhór agam é agus thaitin sé go mór liom. *Bhí sé [fear] ~ aige* 20, ní raibh cleachtadh aige air [obair áirithe].

núis : úis.

O

ó réamh. 1. (Leis an ngníomhaí a insint) **(a)** (I ndiaidh aid. bhr.) *Lá a fháil déanta uaidh* 19. *Fá [faih] fáine iarrainn díontaí ó'n ngou* 24 fáinne. *Bhí siad [amhráin] déanta ó fhuilthe maíthe* 19. *Rópa déanta ó Mhaorla Caoch* 19. *Bhfuil siad pósta ón sagart?* 19. *An táillíur is fear a bhfaca mé éadach díonta uaidh* 20. . . . nó go mbeadh sí [bean] casraic ón sagart 31. *Punann tuí agus í beannaíthe ón sagart* 19. *A bpáistí a fháil géarrtha ó dhochtúr* 27.1440. **(b)** (I ndiaidh br. shaoir) *Ar saighneáladh ón tornae é?* 20. *Múineadh ó tháillíur maith é* 19. *Ar díonadh ón siúinéara é?* 20. *Níor*

pósadh ón sagart a leithidí 20. **(c)** (I ndiaidh br. ghníomhaigh) *Meas tú an bpósann siad ón sagart?* 20. *Cén fáth nach múinfidís í ó Ghaeilgeoir?* 20. **(d)** (Le gníomhaí neamhfidís) *Pósann siad ó dhí* 20. *Amhrán a bhí díonta ón áit féin* 20 . . . ó mhuintir na háite féin. *Bheidís [crúite] géaraithe ón gceárta* 19. **2.** (Roimh réamh. eile) *Tá sé anseo ó roimh an Nollaig* 20. *Trí seachtainí ó san oíche amáireach* 20. *Bhí an-fheiceál agum oru ó san áit a rabh mé in mo gharraí fhéin* 24 gruaig. *Tá maltrait cóir air an áit sin anois ó san am a mbínn a goil síos nó aníos air a ráile ann* 27.1091. **3.** (a) *Is gearr*

uaithí 19, is gearr go mbeidh sí (curach) críochnaithe. *Cáide uait?* 20, cá fhaid go mbeidh tú réidh? 4. Taobh amuigh de. *Ón tsláinte fhéin, níl rud ar bith . . .* 20. 5. *San am ansin a raibh cúiplín páistí fir aige óna bhean* 20, . . . lena bhean. 6. *Cé chaoi bhfuil tú ón slaghdán?* 20. *Cé chaoi bhfuil tú ó na daightheachaí?* 20. 7. *Nuair a tharraingeodh sí an láimh dheas óna neart* 20, . . . le lán a nirt. 8. Mar gheall ar. *Chuaigh mise lá i mbliana a chodladh ó 'cigarettes'* 20, . . . mar gheall ar [easpá] toifní. . . . *a dhul a chodladh ón ocra* 20. 9. *Ní raibh sé chomh maith leis sin – is fada uaidh é* 20. 10. *Dhá bhféadfá a bheith ann ó ló* 20, . . . le solas lae. 11. *Tóigeann sé an t-airgead óna cloigeann* 20, . . . as faoina cloigeann.

obainn : eipinne.

obair a. br. Ceann a bhí ag ~ cheana 20, 19, ceann (uirlis, carr, etc.) a bhí in úsáid cheana [ag duine eile] ceann 'dara láimhe' . . . *gur ceann a bhí ag ~ í* 20 – le scuab 'athláimhe'.

obstáid b. Constaic 31.

ócáid /o:ka:d'/ 24 /u:ka:d'/ 20. Gnó. (a) (Leis an réamh. de) *Bhí ~ agam dhó* 20. *Mar bhfuil aon ~ agut gon seanchlár a dtiúra dhom é?* 24. (b) *Níor hug mé mo speal dhó air an ~ air theasta sí woe (goil a' baint raithneach léi)* 24. (c) ~ *sagairt* 20, gnó (glaoch ola) den sagart.

ócáideach /o:ka:d'əx/ /u:ka:d'əx/ aid. Úsáideach. *Má tá na clocha sin ~ duit an áit a' bich, féata tú iad a thóirt leat* 24. *Tá an seanlár an ~ duit ní fhesin, is iomaí trucáil dhionas tú leiche* 24.

ocastóir, -eacht : ucastóir, -eacht.

och. Agall péine. *Ní raibh ~ ná ach ná éagaoine aige* 19, (bhí sé tinn ach) ní raibh sé ag clamhsán os ard.

óchail. *D'fhág tú faoi ~ é* 19, d'fhág tú i do dhiaidh é trí dhearmad. *Is gránna an rud chuile shórt a bheith caite faoi ~* 19, caite gan aon bharainn ná aire.

ocht f. Ucht. 1. (a) *A lár faoin ~ aige* 19, é luite anuas ar bharr na coise. (b) ~ *do láimhe* 19, an chuid ard is aice caol na láimhe. ~ *t'ordóige* 19, úll t'ordóige. 2. *As ~.* (a) *Móin a bhaint as ~* 20, móin a bhaint le sleán a oibriú amach romhat (agus ní síos fút). (b) *Bhí muid ag iomradh as ~* 19, bhí muid ar an maide céanna agus muid ucht le hucht.

3. *In ~,* ar tí. *Á ma dhí an bhó bheadh in ucht a beartha í . . .* 27.61. . . . *chuireadh sé an té a bhí an ucht a bháis a gáirí* 27.286. 4. *In ~ na gealaí,* le báiní. *Is iomaí fear a chuir sén ucht na geallai nuair a fuair sé a chúil turnapal gan ceann ann go bharr na hoi* 24 péist rua. 5. *Móin oicht* 20, móin a bhaintear as ucht.

ocrasach : ucrasach.

ó dhe. Agall faitís 20.

ó dheabht /o: jaut/. Agall iontais 20.

óf. Agall iontais 20.

óg aid. 1. *Ag déanamh go h ~* 20, ag dul ar aghaidh go breá. 2. *An bhean ~,* an bhean nuaphósta 24 bean.

ogach f. Ábhar dóchais, ugach. *Ba bheag an t ~ a thug sé dhó* 20. *Marach go raibh ~ ar an tae agam*

20, . . . dóchas tugtha dom go bhfaighinn . . . **ógánach f.** *Nach é an t ~ é!* 20 – le asal bradach, **ograíonn.** Tograíonn. *Sin mar a d'ogair tú féin é* 24 tograíonn. *Má ograíonn tú a théacht* 24 tograíonn. . . . *cead aig na leads chuil am a d'ogair siad a bhe dhá nithe* 27.478. *Bíodh sí a' rupaireacht leiche anois go n-ugraí sí stopa* 24 rupaireacht. (Tograíonn 19, 20).

ó hó. Agall iontais 20.

oibrioch f. Oibrí 20.

oibríonn. 1. Purgaíonn colainn. *B'éigeann dom éirí aistí [caoireoil] . . . bhíodh sí a corru mo cholain agus go m'oebríú* 24. *Tá sí [bó] har éis oibríú mór fháil anois* 24 oibríú. 2. Sñoíonn. *Clocha na n-ársal bíonn siad oibrí 24 ársa.* 3. (Leis an bhfarráige) Éiríonn an-gharbh. *Tá sí ag oibríú ó thóin* 20, tá sí (an fharráige) ag fúchadh. 4. Baineann leas as. *Oibrigh an mhaidín, má tá tú ag iarraidh éisc* 20. 5. *Oibrigh an cloigeann air* 20, imir cleas air (ar mhaithe leat féin).

oíche b. 1. *Is fadó an oi 'sa lá nach bhfaca mé iad ná nach bhkais mé dhaof* 24 iasc. *Nós é a bhí coitianta air a' mbaile fadó, ach is fadó an oi gheal agus a' lá nach raibh* 27.1458. . . . *is fadó an oi gheal agus a' lá ó fua sé go Meiriceá* 27.798. 2. ~ *an choiteach,* oíche Fhéil Mártan 24 Samhain. 3. Oí Fionnán Fionn (?). *Bhéarfhá an leabhar gurbh í oí Fionnán Fionn acu í le cuireadh [d']éadaí air a leaba* 27.1339. 4. *B'fhéidir go bhfaigheadh muid cupla ~ ort* 20, cúpla oíche sproai ar do thórramh nó ar do bhainis. *D'ól mé cupla ~ fuisce* 20, chaith mé cupla oíche ag ól fuisce. *Is cuma dhó cé dtífidh an ~ air* 20 – le fear saibhir.

oidhe b. 1. (a) /i:/. Íde. *Thug sé ~ na gcuit is na mádarai air* 20, thug sé íde béil dó. ~ *is aithis ort!* 20. (b) /ai/. *Bhuail sén doras chuma ar bith agus é a' creatha mar bhí fhios aige go math cén oe a tiúraí ar 24 ola.* 2. /ai/. Airí. (a) *Is maith an ~ bean mhaith thú* 20. (b) *Is maith an ~ dhom é a thabhairt duit* 32, tá sé tuille go maith agat uaim. (c) *Chomh mór ~. Bhí sé chomh mór aghaidh air chriú Mhiontaí leo féin,* bhí sé tuille chomh maith céanna ag criú Mhiontaí leo féin 24 aghaidh. *Nach bhfuil sé chomh mór aghaidh air na seanphinsin-éaraí árdú a fháil chomh maith le duine ar bith eile?* 24 aghaidh.

oidhríocht b. Oidhreacht 19, 20, 24.

óige b. *Tá sé ag goil in aois na h ~* 20 – le seandúine nach mbeadh cuma na haoise air. *Is breá atá tú ag coinneáil na h ~* 20.

oigheann. . . . *ná ~,* ná a leithéid. *Ní chuir ósta ná ~ cathu ar bith tarraingt suas ach a ghoil chun cinn chomh éascaí is a d'fhéadadh muid* 27.1344. *Diabhal plólar ná ~ a hainc* 24 Bóthar Shiubháine. *Ní raibh carr ná aoian air na bóithre san am* 27.472. *Dochtúir ná qoighean ní dheacha sé riamh aige* 27.1468. *Níl teach ná ~ i bhfóisceacht míle dhó* 24, . . . teach ná áras . . .

oighear b. ~ *chuimealta* 20, oighe chuimilte. *iol. ~ chuimealtaí* 20.

oighreacáin f. Bior seaca. *Bhí chaon oereacáin dá ra*

as a' teach a' bhliain sin cho fada is cho rour le maide láí 24.

oileán /il'a:n/ f. 1. Na hoileáin, tíortha thar farraige. D'ime triúr acu go na Oileáin beirt go na Stáití agus fear go Australia 27.530. . . go raibh dreatháir aige a fua go na hOileáin. Níl mé in an a rá an go Meiriceá nó Australia 27.1153. . . má chaitheann siad tamal ins na h-oileáin 24 canúint. . . d'ime siad go na hOileáin agus ní chuala muid aon cheo fuofa ó shoin 24. 2. ~ Phádraig, Éire. Ó Thiarna nár chrua an saol i n~ Pháruic é 24 sciollán. Ní raibh sé in ~ Pháruic aon bheirt ba ríméadaí ná iad 27.974. 3. Na trí hoileáin, na trí ríocht [Éire, Sasana, Albain]. Níl a leithide sna trí hoileáin lena chontráil 19.

oilte /ail'tə/ a. br. gin. Bean oilte 19, bean cíche. **oinnún** f. Bleibín. Inúin gháirleóg tí a bhaint agus iad a bhruith ar bhainne 24 scaoil.

oineachúil aid. Flaithiúil. Láimh ~ 19.

óinseach b. 1. Striopach 19. 2. Bhuail an ~ é 20, bhuail stuaic é.

óinsúlacht b. 1. Tugthacht do tharraingt achrainn. An ~ a bhí riamh air 20. 2. (Mar a. br.) Ná bí ag ~! 20, ná bí ag tarraingt achrainn.

oips /op'j/. Agall drochmheasa nó díchreidimh 20. **oireachtas** f. Slua mór (níl ócáid ar leith i gceist). Bhí an t~ anuas ann 20. Bhí an t~ ann gan mórán achair 24 fód. Deir siad go ra sé a' cuir a' t~ thri na chéile roimh a cailiú é 24, . . . caint ar go leor leor daoine ina chuid rámhailí . . .

oiread. 1. Dhiún ~ agam is a dhéanfadh torann ar leic 20, níl pingin rua agam. Ní bhfuair mé ~ is a chuirfeadh fearg ar do shúil 20. Ní bhfuair mé ~ is a dhallfadh amharc do shúil 20. 2. Ní raibh aon fhocal Gaeilge aige ach ~ leis an mballa 20. Ní raibh a fhios aige céard bhí Dónall a ra ach ~ leis an gloch 20.

oiriúnach, -t : feiliúnach, -t.

óis. Agall iontais 20.

oistire f. Oisre 32, 19.

oistreán f. Dua aistrithe. Tá ~ mór ar an bhféar sin 20. Tá ~ mór ar Mhac Mh. ar an móin atá thoir 20.

ola b. 1. Fabhairt, lóis. Cén cineál ~ a cheap a' dochtúir dhuit í o'eo do chrámhanáí a shua 24 ola. ~ an dó 20, lóis a dhéantar le gealacán uibhe agus im neamhshailte a róstadh, le dó a leigheas. 2. Leacht. Leáfadh sé an luaidhe go mbeadh sí ina ~ 19. ~ bréidín 19, ola a chuirtear san ollann. Oláí na móna 31, ramallae glas a bhíonn ar uisce portaigh, leigheas an dó ann.

olaíonn. Éiríonn tanaí, éiríonn caite. D'ola tú an-mhór, déarainn ó chonaic mé hana thú 24. Níor fhan bior beó dhó, tá sé cho h-olaí sin 24. Tá sé olaí ag an saol, ag an anró 24. Tá an duine bocht a' breanáí olaí go math 24 olaithe. Le duine atá an-olaí réis puc mór tinnis 24 leiceann.

olaíann b. Nach réidh a cheapann tú a d'fhás an ~ orm 20, nach saonta a cheapann tú mé a bheith.

olálann. Cuireann ola faoi. Ní mór dhuit é a oláil 20.

ólann. 1. D'óladh sé an bhróig dá chois 24. D'óladh

sé an léine dhá chraiceann 24. D'óladh sé as sáil thinn é 24. D'ólach sé an Chora [Chroich] Chéasta gon asal 24. D'ólach sé an chloch iochtair go Ghaille 24. D'ólach sé an drí [draoi] 24. D'óladh sé an bairille buí 19. D'óladh sé Loch Éirne 19. 2. M'anam gur túisce ólfas tusa deoch ná mise! 20 - focal a déarfá le duine a déarfadh an focal a bhí tú féin ar tí a rá. . . mar dá mbeadh fhios go n-óladh sé [an coileach] na h-uibheacha 27.1257.

ole f. Thug mé ~ is maith dhó 20, thug mé íde béil dó. Níl mé ar ~ leat 19, níl mé ag iarraidh dochar a dhéanamh duit.

olfachán f. Ulchabhán 31.

ollphéist /'ul,'f'e:st/ /'oi,'f'e:st/ b. Duine crua cantalach; duine gortach 20.

olltóir /aulto:r'/ f. Crann óg. ~ sceach gheal 20.

olmhaire /'ol,'war'ə/. Aire mhaith. ~ a dhíonamh air 20. Ffr. **urmhaire**.

olmhaireach /'ol,'war'əx/ aid. An-aireach. Tá sé ~ air fhéin 20. Ní mór duit a bheith ~ air 20. Ffr. **umhaireach**.

olra(í) aid. 1. Olartha. Tá sé [iasc] an-olra 20. 2. An-ramhar. Fear an-olraí 20. Bó olraí 20.

ómás f. Ómós. 1. Fear ómáis gheobhadh é 20, fear a mbeadh ómós dó. 2. Cheannaigh mé ina ~ é 20, cheannaigh mé thar a cheann é.

ómósach aid. Faoi mheas. Ní ra nídh ar bith bu hómósáí i súile na sean-ndaoinne agus fós freisin ná an tobar 24 tobar.

ongambás f. Deir siad gur fhíontach a' t~ é an míol mór, . . . 'an enormous monster' 24 míol mór.

onóir /uno:r'/ 19, /una:r'/ 20. 1. Tabhair dhom é sin le t'onóir 19, le do thoil (d'fhéadfaí é a rá le duine ar bith, ní gá go mba strainséir ná duine 'uasal' é). Tá súil le t'onóir go dtiúrfá dhom é 19. 2. Chuir sé taobh na honóra amach 20, chuir sé an taobh is fearr amach (iompar, freastal, etc.). Ag coinneáil taobh na honóra amach 20, 'keeping up appearances'. 3. Sfh. Onóir gan deis nó putóg gan gear 20. Onóir dhona is í á tiomsacht 20.

onórach /unu:rəx/ 19, /una:rəx/ 20. Mórchúiseach, postúil 20. Tá sí an-onórach 19.

ór f. Tá drioball óir inniu orthab 20, tá siad (beithigh) an-daor inniu.

óra. Agall iontais 20.

oráil b. Ofráil. ~ an tsagairt 20. D'íoc mise m'~ Nollag is Cáisc leis 20.

oráilte aid. bhr. Óraithe. Soithigh ~ 20.

orchar f. 1. Tá áit orchair air 20, ní saighdiúr maith é ach stopfaidh sé orchair. Coisneoidh sé orchair 20, id. 2. Beidh mé ré 'nois go dhá urchar 24, . . . ar an nóiméad. 3. Bhí runnachait le fáil ach ar an ~ 19, . . . le fáil ach an dorú a chaitheamh amach. 4. I bhfóisgeacht urchar poul eascala dhá dteach 24 ceanglaíonn, an-chóngarach dá dteach.

ord f. 1. An t~ Beag. Aig Aifrión a naoi san ~ Beag is minicí thoeim 24 .i. Séipéal Sain Aibhístín. Bráithre an Oird Bhig 27.1515. 2. Ní dheacha sí ag ~ ná ag Aifreann 20. . . ag goil ag éirí as ~ is as Aifreann uiliug 19.

ordaíonn. 1. Admhaíonn. Ordaim é sin 20. Tá sé ag

ordachtáil gur rinne sé é 20. 2. Taispeánann ordú (q.v.) maith de thoradh beatha. Anois atá sí [bó] ag ordú na beatha 20. Thug mé beatha mhaith dhó ach níor ordáigh sé é 20.

ordnailte /aurna:l'tə/ /aurdona:l'tə/. Feistithe go maith, le gach deis oiriúnach. Teach ~ 20.

ordóg b. 1. *M'anam gur changail tú an ~ 19, . . . go bhfuair tú fios. 2. Leagfaidh mise an hordógai ort 20, maróidh mé thú. 3. Ar bharr ordóige (ordóga), ar bharr na méar. Shíúil siad air bhárr-ordógai sa gcaoi nach n-aireóí iad. Shíl sé díona air a doras air bhárr-ordóige ach níor éirí leis 24 barrordóige. 4. . . agus a tiachtai fear a raibh a ~ 'na bhéal aige le gantainn 20.*

ordú f. Cruith, slacht (ar bheithíoch). *Shílfeá go mbeadh ~ níos fearr orthab [beithigh] 20. Níor chuir sé aon ~ suas 20.*

orlach. 1. *Mar a deir a fear fadó 'atá teach air an ~ anois ann' 27.1193, . . . tá tithe buailte le chéile i ngach aon áit anois ann. Laentaí na rástaí i nGaille níl sráid a rackas tú nach bhfuil daoine air an ourlach ann 24, . . . slua mór brúite le chéile. Nuair a bhí fear air an ourlach air a' mbaile lá gon tsaoil agus gan aon obair le fáil acu 24. 2. B'fhéarr ~ dó sin ná í siúd ar fad ó pholl a tóna go poll na cluaise 20, b'fhéarr go mór é sin ná í siúd.*

orlóir f. Orlaí 19.

ortha : artha.

orús f. ~ na tóna 20, an craiceann taobh istigh de pholl tóna muice. *Bhí ~ a tóna amuigh 20.*

osán : dosán.

os ard : gois ard.

ós : nós.

oscailt : foscailt.

oscar : ascar.

oscartha : ascarthach.

osclaithe aid. bhr. 1. *Bhí an fharraige ~ 20, bhí sí an-gharbh. 2. Tá mo chloigeann ~ inniu le codladh 20.*

óstachas f. 1. Freastal bia is cóir éadaigh. *Fuair mé ~ maith ann 19. 2. Róchúram ag réiteach ruda, ag plé le rud (ní gá go mba cúrsaí beatha é). Cédós ~ an deabhail atá a'd air? 20. Bhí ~ an tsaoil acub timpeall air siúd 20, 'dancing attendance on . . .' (Mar a. br.) *Chaithe siad an oíche dhá ~ 20, . . . ag freastal air (fhear misce ag iarraidh é a thabhairt ar a chiall) 20. Tabhair dhom é sin is ná bí á ~ níos faide 20. Réitigh an tae is ná bí ag ~ níos faide leis 20.**

otair : utraithe.

othras /o:ros/ f. Tá an slaghdán goite in ~ 19, . . . goite in ainseal.

P

pá : pái.

pabhand /paund/ f. Freangach meilte is ola a aenna tríd (le n-ithe) 19.

pabhandar f. Duine ramhar. *Nach é an ~ é! 19.*

pabhar. Le teann ~ báistí 19, le neart báistí.

pabhsae f. 1. Bláth. *Cuirfidh siad ~ amach freisin 20. 2. Bean álainn. An ~ mná is deise a chainn fear ariamh 20.*

pabhsaeid. Pabhsae 20. iol. ~ eachaí 20.

paca f. 1. Foireann cártaí. (a) *Tá mise caite i b ~ 20, tá mo lámh curtha i bpaca. (b) Cuir do lámh i b ~ 20, éirigh as an iarracht (le duine a chaithfí sa gcúirt, etc.). Tá mo lámh i b ~ as 20, tá mé réidh leis, níl seans agam air. 2. Conairt. *Le lucht an fhiach a' ~ a fua anoir aig fear na ngoer inniu 24. Ffr. puca.**

pacaire, -acht : puicéara, -acht.

pacálann : pucálann, pucann.

pael. Soitheach adhmaid níos lú ná an lámhóg 31.

paer. Aistear, bealach. *Téir i do rogha ~! 19. Thóig sé ~ in áit eicint 20.*

pái b. Pá 20, 19.

páideog b. Fáideog (éadach casta agus geir air mar dheis solais 31, 20).

paidhecar f. 1. Duine caol ard. *Nach í an ~ í! 20. ~ de bhean 20. 2. Rud fada caol. ~ de thairne 20. Chuaigh ~ i mo chois 20.*

Páidin a. dil. 1. ~ (an) mheán oíche 20, duine a bheadh amuigh deireanach san oíche. *Tá ~ orm 20, tá fuil mhíosta orm.*

paidir b. 1. Port minic cainte. *'Tá mé scanradh' deireadh sé 'nach n-eireódh liom agus go gcatha mé rith'. B'shin í a phaidir, maidin agus tráthnóna 27.684. . . . 'm'anam gur bin í ~ go léor' a deir fear á fhreagairi, 'go bhfuil a' t-anó céana air fad orrain' 24 codla. B'dh é an phaidir chéana i gcónaí a bhí acu 24 bradán. 2. ~ eascaíní a chur 'na dhiaidh 20, sruth eascaíní . . .*

paidiríteacht a. br. Páidreáil 19. Níor fhéad mé mórán a labhairt leis, bhí sé ag ~ 19.

paidreáil /pa:dr'a:l/ a. br. Síor-rá paidreacha 20. (Focal neamheastúil é).

paidrín /pa:d'ir'in/ f. Chuir sé ~ eascaíní 'na dhialdh 20, chuir sé sruth eascaíní . . .

paillcéara f. 1. Pailitéir 19. 2. Duine a bheadh ag déanamh jabana beaga do 'dhaoine móra', a bheadh ag insint scéalta do na daoine móra. *Bhí an ~ fíorchuntúirteach 19. Chuala mé daoine a rá nach raibh na tiarnaí ag han-dona. Siad na paillcéaraí ba mheasa bhí 19.*

paillcéarach a. br. Ag imeacht mar phailicéara (q.v.). Ag ~ thiomhall Charna 19.

páiméad f. 1. Duine an-mhór 20. 2. Cloch mhór. ~ cloiche 20. *Rug sé ar pháiméad 20. Is uabhásach an ~ í 20.*

páin b agus f. 1. Duine ramhar. *Níl aon pháin de bhean ach Máire Mhór 20. ~ bhreá 20. Páinín de ghasúr 19. Tá sí [bean] ina ~ 20, ~ de bhean bhreá 19. 2. Ainmí ramhar. *Tá sé [beithíoch] ina pháin le feoil 19. Páinín beag de choinín 19.**

3. Rud mór. ~ *d'fhata* 20.
painséar *f.* Paintéar, garraí beag. *Ní raibh ann ach ~ 20.*
páinteach : **pántach**.
páipéar *f.* 1. Máilín páipéir. *Fainic an é an ~ 'salts' a bhí leagtha ann a thug tú leat 27.791. Cá'il ~ an tae? 20. Píosa páipéir siúcra 20, píosa de pháipéar an mhála siúcra. 2. 'Nóta' airgid. *Tarm aon pháipéar amháin má sé do thoill é an ionad(h) na nótaí singil 24 ionad. 3. An ~ gorm, toghairm chun cúirte. B'éigean dó cor am iad a thóirt faon dlí agus a' ~ gorm a chuir acu 24 tochtlaíonn.*
páirc *b.* 1. Garraí mór 20. 2. ~ an fhiach, an reilig. *Ní ra faitíos ar bith orm ach go rachainn go ~ an fhiach 24 fiach. Tá siad sin ime go Páirc an Fhiach ar fad 27.836. Hobair a' buile é chur go ~ an fhiach, ní ra bias mothú ann feadh dhá uair a' chloig 24 mothú.*
pairifín : **pearaipín**.
páirt *b.* 1. *Nach le ~ mí-ádh d'éirigh sé dhom 19, le barr mí-ádh . . . 2. Tá siad i bpáirt i b ~ 20, tá siad ag obair as lámha a chéile.*
páirtíocht *a. br.* Obair i bpáirt. *Bheach beirt nó triúr nó b'fhéidir ceathrar a' páirtíocht sa mbád 24 scadán.*
páis *b.* Dianfhuilaint. *B'fhoide liom ná an pháis go raibh sé thart 20.*
paiste *f.* 'T'anam bruite feannta ag a [aige] seo 'sa siúd, a spriósáin ghrána, a deir sé 'anú ní dhíoná ~ air thóin fir' 24, . . . ní tú i ngiorracht do bheith chomh maith le fear ceart.
pám. Sórt miotóige leathair le cur ar chroí na láimhe ag fuáil seoil (< Brl. 'palm') 19.
pampa *f.* Coiriceog tuí a mbíodh an chearc ag breith ann 19.
pána : **plána**.
pántrach *b.* Páin (*q.v.*) 20.
paol : **pael**.
Pápa *f.* *Bhí caipín orm - díol a' Phápa 19, caipín breá.*
pápaire *f.* 1. Duine a bheadh ag síorphaidreáil is ag caint ar chúrsaí creidimh 19, 20. 2. Duine a mbeadh an-chaint mhílis aige 20. 3. Fear (bean) déirce, súdair, 'fear púrouis' 19. *Nach é an ~ é 20. Tá sé ina phápaire ceart anois 19.*
pápaireacht *b.* 1. Síorphaidreáil is praéitseail 19, 20. ~ a bhí aici sin 20. 2. Déircínteacht. *Tá mé sáraithe ag éisteacht le do chuid ~ 20. 3. Síorchaint ráiméise 20. Ag ~ chainte 20. Abair é is ná bí ag ~ 20.*
paráiste /pura:jd'ə/ *f.* Paróiste 20.
parasól : **pearasól**.
parlaimint : **peáirlimint**.
partal *f.* Duine beag 20.
parúl *f.* Aithne, ordú (gan rud a dhéanamh). *Chuir sé parúlachaí air gan é a inseacht 20. Pé brí ~ a ghabhfadh air 20. Chuir sé na seacht b ~ air gan a ghoil ann 20. Tá parúlachaí go leor ag baint leis 20, tá treoracha go leor ag baint lena úsáid (meaisín).*
pas *f.* Áit, ceantar. ~ eicint eile anois tá ina chloigeann aige 20. *Cén ~ ar éirigh sé anois as? 20.**

Sílím gur dona an ~ ar casadh thú 20. Thart sa b ~ seo 20.
pasach *aid.* Pusach (?). 'Tá sí [gabhar] pusach ~ féasógach iugach oercach riabhógach,' an cháil a thug fear fadó eirí 24 gabhar.
pasóid *b.* 1. Brochán a dhéanfaid le bainne caorach agus min choirce. *Le spunóig bhí siad ag ithe nó ag ól a' phasóid 24. Bhí ~ an-mholtaí aig na seann-daoine fadó 24. 2. Pionós. Tiúrfaidh mise do phasóid dhuit! 19. Bhí a phasóid le fáil aige 24. Is maith an phasóid é sin dó 20.*
pataire *f.* Éan óg a mbeadh fás maith faoi. *Is breá an t-ál éanachaí gé tá agut, tá siad na bpatairí hana 24.*
patar uisce *f.* Patraisc. 19, 20. *Éanachaí rua na pataraí uisce 24. Ní fhaca mé nead a' phatur uisce aríomh 24. iol. Patairí uisce 19. 20.*
patarán *f.* Éan óg, mada, coinín, giorria óg 20, 24A. *Ní fhaca tú dhá phatárán ein nach bhfuil siad chomh deas leo 27.1307. Nuair atá siad [coilim fhiáine] na bpataráin bheaga dheasa na seasamh suas . . . 24 colm fuas.*
patraisc : **patar uisce**.
patúr *aid.* Fuar amach is amach. *Is beag a locht a fuair sé air a' gcaoirfheoil dhá h-ithe ~ le cáca 24 caoirfheoil. . . . gur leiceann muice a bhí len a suipéar aréir acu ná go rabh sé pat-fhuar len a gcuid aráin ar bhrisfeasta ná dinnéar acu 24 leiceann. Arán ~ 19, arán bruite ó aréir.*
peaca *f.* 1. *Níl aon pheaca beo ach nach mbeadh foghlaim air 20, is ri-mhór an trua nach . . . Níl aon pheaca beo ach aon bhlas a dhéanamh air 20. 2. Ní dhéanfadh aon fhear é ach fear gan pheaca 20, . . . ach fear a mbeadh cumhacht ar leith aige (toisc é a bheith gan pheaca). Ní iompródh aon fhear iad ach fear gan pheacadh 20. Tá mé ag goil i b ~ leat! 20 - a déarfá le duine a bhainfeadh eas-caine asat.*
peacach *aid.* Leitheadach, gaisciúil 20.
Peadar *a. dlí.* 1. (Naomh P.) . . . *ní leacai slam air fads a bheach ~ sa gcathaoir 24 cliabh, . . . go brách. 2. I gcaitheamh Pheadair nú Phóil, riamh. Ar chuala tú a leithéide de scéal ariamh i gca' Pheadair nó Phóil? 30. 3. Dá m'bhfeárr thú ná ~ ní thiucá níos goir[e] ná trí nó ceithre choiscéim duí 27.1387. Dá mbhfeárr thú ná Peadar gheouch a' cathú buadh ort 24 Mí Mheáin. 4. Níl sé i bpráiste Pheadair aon dhá sheanlaoch amháin tá cho hiug-oideach leof 24 iugóideach.*
peáirlimint /p'a:rl'im'int/. Fuisce siopa 20.
peáitse *f.* Péitse. *Bhí ~ ina diaidh chuile áit a raibh sí ag goil 20. Chuir sé ~ gom iarraidh ag obair 20.*
peáitseáil *a. br.* Ag siobáil oibre, ag déanamh teach-taireachtaí 31. ~ *bheaga* 31.
pearaipín *f.* Pairifín 19.
pearasól /p'arə'so:l/ *f.* Parasól, scáth báistí 20.
péarla *f.* Fáilte, ómós. *Ní raibh ~ ar bith faoina chomhair ann 20. Ná biodh ~ ar bith a'd faoi 20, . . . ómós, géilleadh, dó.*
péarla *f.* . . . *go raibh ~ air a shuíl 20, go raibh fionn ar a shuíl.*

péarsa *f.* Péirse. *Ná ra ~ go thala na hÉireann agut lá do bháis!* 24 (eascaine).

péarsalán *f.* Péarsla 20.

peártalann. Bearrann (géaga crainn, nó na slata a bheadh amach as an geliabh nuadhéanta). *Bhí mé dhá bpeártáil an uair sin* 20.

péasarla *f.* Péarsla. . . ceann a mbeadh péasarlaí ann 27.1149. *Tá púdar na bpéasarlaí curai 'gum iontu* 24 cuireann.

péaslán *f.* Éan lag. *Nach é an ~ é* 19.

péasúr *f.* Duine nó beithíoch leochailleach truaillithe 19. *An ~ bocht* 32. *Tá sé ina phéasúr* 32.

peata *f.* ~ raithní, 'páiste neamhdhlísteach' 20. *'Mo chuid [d'] on tsaoil mo pheata raithní,' a deireadh sí* 27.1153.

peátar *f.* 1. *Tá mé i mo phéatar anois* 20, tá mé i mo bhambairne. *Rinne sé ~ dhó fhéin le ól* 20, rinne sé amadán de . . . *A chloiginn péatair!* 20, a amadáin! 2. *Ceann péatair* 20, ceann suince ar theach.

peic *b.* Péac. 1. *Bhí ~ de thóin air* 20, tóin mhór. 2. *Chroch sí a ~* 20, chroch sí a heireaball.

peicea(r)lach *b.* 1. Duine místuama, postúil, gan chuibhreas 20. *Péicealach óinsí* 20. 2. Péac mhór ar phráta 20. 3. Plandáí a ritheadh chun síl. *Rinne siad [oinniúin] péicearlachaí* 20. 4. Tóin. *Suigh síos ansin nó tiúrfaidh mise sa bpéicealach dhuit é* 20 - le duine postúil. *Mo chreach mhainne do phéicealach!* 20.

peictiúr /p'ek'du:r/ *f.* Pictiúr 20. *Níl ann ach a pheictiúr* 20, níl ann ach a scáil (le duine meata tinn).

peil *b.* Duine faltanasach contúirteach. *Drochpheil í an cailín sin* 19. *Drochpheil é* 19.

peilearain. Seál de dhéanamh áirithe 19.

peiliúirín *f.* Pillín beag, 'pad' beag 20.

peilséar /p'aillje:r/ *f.* Pilséar. 1. Duine beag éitreorach 19, 20. 2. Rudaí (éisc, prátaí, etc.) beaga suaracha. *Peilséir bheaga d'fhataí* 20. *Ní raibh le fáil aige ach peilséir* 20.

peínne *b.* Péine. 1. ~ dhearg, ~ bhuí, ~ bhán 20. 2. *Fan uaithe sin nó cuirfidh sí ~ ort* 20, maróidh sí thú. *Fágfaidh Poll an Mhádera ~ ormsa* 20, má leanaim ag obair ann gheobhaidh mé bás [peínne = ábhar na conra].

peire¹ *b.* Feirc. *Chuaigh an t-asal go ~ ann* 20, chuaigh . . . go domhain ann [sa phortach]. *Chuir mé go ~ é* [tairne] 20.

peire² *b.* Feircín. (Sa leag.) *Chuaigh mé un a' mhargaidh ag tomhais mo phota is mo pheirc le pota is le ~ na mrá margaidh* 19.

peirceas (*iol.*). Bróga peirce. *Péire ~* 33.

peircín *f.* Feircín 20.

péire *f.* Dhá cheann. ~ caiple bána 20. ~ beithíoch 20. ~ eile málaí 20. [Alt *iol.* uaireanta leis]. *Dhá bhfeicféa na ~ mór muca a dhíol sé* 20 [Ní gá go mba péire a chéile iad, ná go mbeadh aon chosúlacht eatarthu].

peirial /p'er'ial, p'ir'iol/. Peireadh. . . *má chuir Dé go phirial air é* 27.509. (Go hiondúil san *iol.*) *B'iad na pirialacha an aithrí a bhí an t-anam a dhéanamh sul a bheadh sé glan le ghoil go Flaitheas* 24. . . . *gur chuir siad i bpirialacha dhíobh ar a' saol seo* 24.

Chuir go leór go na naoimh perialachaí móra orú héin a' díona airí 24 naomh. *Bhí Dé sásta liom ach go ra beagán ~ le cuir dhom agam ar a' saol seo* 24 sábhálann.

peiriúic *b.* 1. Hata ard caol, coca féir ard caol ina bharr 20. *An bhfaca tú an pheiriúic a bhí air?* 20, - le hata. 2. Spuaic. *D'fhágfadh sí [diallaid] ~ ort* 20.

peirse : péarsa.

peíst *b.* 1. ~ féir 19, peíst a bhíonn sa bhféar tirm, cloigeann dubh uirthí, í an-fhuar. *Tugtar 'cailleachaí fuara' freisin orthu* 19. ~ *shráide* 20, peíst thalún. ~ *rua na gcós* 24 suarach, céad-chosach rua. 2. Creimeadh an ocrais. . . *gur dtug sé cead dó na trí fhata bu mhó . . . ithe ar chaon bhéilí. Mhara sin fhéin a' phéist mhór.* 3. Sliomadóir. *'Na péiste a thugadh a' seandream oru [ar dhaoina a ghealladh vóta don 'nationalist' ach a dhíoladh a vóta leis na Tories]* 24.

peistín *b.* An phéistín dhearg 19, feithidín bheag dhearg atá 'beannaithe'

peitín /p'eit:n'/ *f.* Ainm ceana ar bhó 19.

peitinteacht *b.* Peataireacht 32. *Ag ~ léi* 20 [le capall].

peítse : péaitse.

peo. Agall déistíne le bréantas 20.

piaclach *aid.* Go ~, go breá, go 'binn'. *Bhí sé ag díonamh go ~* 20. *M'anam gurb é a bhí go ~* 20, . . . ag breathnú go maith.

piaine /p'i:'an'ə/ *f.* Orgán béil 19.

pian *b.* 1. *Bhí ~ i do bholg go ndeacha tú ann* 20, bhí tú ar bís go . . . *Bhí ~ ina thóin nó go n-inseodh sé é* 20. 2. ~ imleacáin, aipindicíteas (?). *Sé barúil go leór . . . gurb í an phian imleacáin an 'appendicitis' anois mar ó hainic a' t-ainim sin amach agus l'oes le n'oe níl aon chaint air a' b~ imleacáin* 24 pian imleacáin.

piar *f.* 1. Fear mór deaghléasta. *Nach é an ~ é!* 20. 2. Boc mór, duine 'uasal'. *Na piarannaí móra* 20. 3. Cárta mór. *Cuir ~ faoi* 20.

piarálach *f.* Duine mór deaghléasta dea-shnuach 20. (*Piaránach* freisin 20).

piarc *f.* Duine mór dearg-éadanach. *Is uabhásach an ~ é* 19. *Is gránna an ~ é* 19.

pic *b.* Tá sí [an oíche] ina ~ le duibheacht 20. *Chomh dubh le ~* 20.

píce. 1. *Shílfeá gur le ~ a caitheadh air é* [an t-éadach] 20 - le duine gioblach míschlachtmhar. *Chuirfínn ar bharr ~ é* 20 - le duine nach dtaitneodh leat. *Ag déanamh ~ dhó fhéin* 20, ag obair go han-chrua. 2. *A mbeadh a' lá a caitheamh píicí d'imeoch sé i gcárr an asail* 24 glantachán.

píceadh. Pínceadh (*q.v.*).

píceáil *a. br.* Roinnt go gortach. *Ag ~ leis* 20.

pícealach : **pidéalach**, **pígéalach**.

pícearach *a. br.* Píceáil, gliúcaíocht. *Ag ~ isteach thrí fhuinneog* 20. *Ag ~ thar bhárr an chlaidhe* 20.

picil *b.* Tá sé ina phicil 20, tá sé an-ghoirí.

peictiúr : peictiúr.

pidéalach *f.* Duine ard caol 20.

píg. Agall le capall a stopadh 20.

pígéalach *f.* Pídéalach (*q.v.*) 20.

píle : **píll**.

píleár *f.* Póilí. *An ~ sléibhe* 19, ball den IRA a bheadh ar diúté póilíneachta le linn Chogadh na Saoirse.

píleár *f.* 1. *Bhí mé mar a bheinn ar aghaidh na b ~ 20*, bhí mé i gcontúirt mhór. *B'fhearr liom a bheith ar aghaidh na b ~ ná a bheith ann* 20. 2. *~ ronnach* 20, luaidhe ar dhorú ronnach. 3. *D'éuigh sí [éan] go phíleár agus a' geit a bhain sí asam, thóig sí glan gon talamh mé* 27.1359, d'éirigh sí de sciotán . . .

píleár *f.* Colún. *~ de choca feamainne* 20, coca ard caol.

píll *f.* Píle, ainmhí nó duine mór ard. *~ go mhuc* 27.297.

píllín *f.* 1. Pillín (e.g. burla beag éadaigh a chuirfeadh bean ar a cloigeann le lámhóg a iompar air) 31. *~ a dhéanamh de* 19, buirlín beag a dhéanamh de. 2. *Nach air atá an ~ tóna* 20 . . . an tóin ramhar. 3. *Búirlín áirithe a chaitheadh mná taobh thiar as cionn na tóna. ~ thiar faoina mbásta ar an sciorta* 19. *Bhí ~ taobh thiar ar a gúna* 19. 4. Duine, páiste, beag ramhar 19.

pílséar : **peilséar**.

pinceadh *a. br.* 1. *Ag ~ an asail* 20, ag brú an asail. *Ag ~ leis an asail* 20, *id.* 2. *Bhfuil aon rath ort ag ~ ?* 20, . . . ag cúirtéireacht.

pincín *f.* Bláth ar bith, go háirithe bláth fiáin. *Nach deas a ~ é an bóithín mó bleachtáin* 24. *Ní raibh ~ beag air bith ba mhó a raibh tóir ag chuile [dhuine] air agus suim acu ann* 27.1480. *Mar gcoinneó tú uisce faoi na pincín searacó siad* 24 seargann. *Pincíní páipéir a bhíodh ionntu* 24 altóir.

pinceáil *a. br.* Cóiriú beag, glanadh beag. *Thug mé ~ bheag ar an teach* 20.

pinceáilte *aid.* Pointeáilte, glan néata. *Fear a chuireas a gharraí tí go slachtar le láí . . . is minic a dúrú 'is ~ an fear le láí é'* 24. *Ní le éadaí nú ná daor a choinnídh na páistí ~ ach le lom-éadach a bheadh dá choinneáil nighte agus glan* 24. *Níl bean ar bith chomh ~ léiche* 24. *Ní raibh aon ghóltas hart ba deise a bhí coinnte agus chomh ~ leis a' ngóltas a bhí ann* 27.1092.

pín *b.* Pingin. *Níl ~ agam a bhuaifinn ar thóin an mhada* 20, níl pingin ar bith agam. *Tá sé ráití gur fear é bhfuil píniochaí móra i mbainc aige* 24.

pinneas (?). *Bhí saigheas eile dhaofa [de na faochain] sin le fáil sa loch. ' ~ ' a hugadh a' sean-dream oru. Bhí mótaí go bhlaoscana na b ~ isti ionntu* 24 faochan.

pinse *f.* 1. Liomóg, cealg. *Is deoulta géar é ~ an dárdaoil* 24 dárdaoil. 2. Goin ocras. . . . *a' t-athair 'sa mac a d'fhulaing an oiread pinsí ocras* 24 boichteanaacht.

pinseáilann. Baineann liomóg bheag as. . . . *ach mar mbacá leof ní móide go bpínseálach siad [seangáin] thú* 24 sniogán.

piobaire *f.* 1. *~ cos* 24A, piobaire a bheadh ag séideadh na mboilg lena chois. *Bhí dhá réag agus ~ againn ann* 32, 20, bhí trí dhuine dhéag againn sa muirín. 2. *~ na gríosáí* 20, creigear. 3. *~ fraoigh*

19, dreolán teaspaigh. *Tá tú ar nós an phiobaire fraoigh ag imeacht ag ceol i gcónaí* 19. *Tá tú i do phiobaire fraoigh ag imeacht* 19, tá tú ag imeacht ó áit go háit go díomhaoin.

piobán *f.* 1. *Tá sé go ~ 20*, tá go leor ólta nó ite, aige. 2. *An ~ ceoil* 19, piobán na circe [an chuid chrua nach bhfuil in-ite].

piobar *f.* *D'imigh sé is ~ faoi* 20, . . . defir mhór air.

piobarnail *a. br.* Creathadh le faitíos. *Bhí an mhuintir a bhí sa mbaile a ~ le faitíos cho maith linne* 27.57. *Bhí na daoine a' ~ a 'goil ag faoistean aige* 27.231. . . . *ach bhí cuid acu a' ~ agus bhí go leór acu a cac meannaí* 24 ceannfort. *Nuair a bheach Sarn na mósa . . . a' brú leat bhíoch muid a' téamh 's a' piobarnail le faitíos roimh a' Sagart* 24 úll. . . . *is a' ~ in a gceirceann le faitíos a bhí siad* 24.

piocadh *f.* Beagán. *D'éirigh sé ~ beag salach* 31.

piocann. 1. Foghlaimíonn (go héasca). *Sé nach ra roein a piuca suas na Gaelge* 24. 2. Feabhsáíonn. *Tá sé a' pioca suas go math ó hainic sé abhaile ón óspidéal* 24.

piocail *b.* Aibíocht, clisteacht, néatacht. *Ní raibh sórt ~ ar bith ann* 20.

piocarnach (*b.?*). Greamanna le n-ithe, piocarsach. *Tá piucarnach go leór sa gcoinneach a mbaimeach na caoire tamal as* 24 coinleach. *Go bhár gan deis piucarnach a bhe acu theighinn amach sa maidin chuile lá le beatha láimhe acu* 27.1237. 2. (Mar *a. br.*) Píocadh. . . . *alt géabha fidháin . . . a' ~ air thala mína* 24 gé. . . . *beidh siad ag ~ leof* 24.

pioctha *aid. bhr.* Glan néata. *Chomh ~ is chomh beartha le cúl saighdiúra* 31.

piocúil *aid.* Misniúil. *'Sé Tomáisín' a deir sé 'an fear is piocúil a bhí air a' mbaile ríomh . . . nach ra sé go mhíneach aig aon fhear i Mionlach ariomh meall a bhuala air na Blácaí ach é héin'* 24.

piocúlacht *b.* Misneach. *Cén phiocúlacht a bhí ann nó ciod a rinne sé? . . . deoul ceó a rinne sé ach lán a láimhe a thóirt faoi bhun na cluaise dhó [don tiarna talún]* 24 piocúil.

piodar. . . . *is ~ sa tóin aige* 20, defir mhór air.

piodarlán *f.* 1. Ainmhí beag 19, 20. 2. Poll na tóna 20.

piolla *f.* Piollaire (leighis) 19.

piollaire *f.* 1. Cnapáinín créafóige. *Dá bhfeiced an piollaire beag bhí faoi mo sháil sa mbróig* 24. 2. Prátaí beaga. *Buailliú an-lua iad is deoul ceó iontu ach piolairí* 24. 3. Giotáí beaga caca. *'Níl souil a bich aig na piolairí tá mé a chuir thríom' a deir sé, 'ach cacanaí góir . . .'* 24. . . . *is nach chuir mé n'oiread is piollaire thríom le seachtain* 24 ceangailte. 4. Cnapáinín fola. *Ní cosúlacht mhath a bich é [gamhain] a bhe a' cuir na bpiolairí fola sin thríd* 24. 5. Cloichín. . . . *bhualí piollaire go chloch air dhoras a ghrá rása a bhaint asainn* 24 rith.

píonán *f.* 1. Cat mór ramhar, coinín mór. *~ go chut breá anáil le chomh mór le uan caorach* 27.323. *~ go choinín mór* 24 gar. *Bhí sé ráite aig a' seandream teach ar bith a dtiuchfhá isteach ann agus ~ go chut*

air a' tealach nach ligfí amach tor ná folamh thú 24. Tugtaí ~ cor uair air uan óg freisin. Ní bheadh sé mí g'aois an uair sin agus chaitheadh sé a bhe 'na lobhán le beathú 24. . . . louir ~ go chut a bhí cho mór le broc . . . 24 mála. 2. ~ breá go pháiste 20, páiste breá ramhar suas go dtí leathbhliain d'aois.

pioncás *f.* Garraí beag bídeach. Rinne siad garranta beaga, preabáin agus pioncáis go chuile gharraí 24 ceann ceairúna. . . . ins na pionncáis bheaga go gharantai a bhí cuiri acu air na creigreachaí . . . 24 íocann.

pionda. *I* bpionda, ar bis. *Bhí sé i b~* - *d* ghlacadh 24A. *I b~* a ghoil ann 24A.

pionna¹ *f.* 1. Loca beithíoch. *Bhíodh a phiona héin ag chuile shear agus nuair a bhíodh siad blite air fad . . . 24 blionn. Tá mé i b~ aige 20, tá mé i sáinn aige. 2. Ceigin bheag. Dhóirt sé an t-arúir isteach sa b~ 24 dóirteann. D'fhaile mé an coirce as na málaí agus dhóirt mé isteach sa bpiona é 24 failíonn.*

pionna² *f.* 1. Stíbhín. *Leag mé an pionna as mo láimh agus mé a' sá plandaí . . . 24. Beir cruá air a' bpiona a' sá na bplandaí 24. 2. Bolta le cur tríd lúb haspa 24. 3. Chuir sé an ~ ionam 19, d'imir sé cleas orm sa margáil, shail sé mé.*

pionóg *b.* Cianóg 20. *Deabhal a fhios a'm bhfuil aon phionóg a'm 20. Ní fhéadfadh sé gan pionógáí bheith aige 20, . . . gan riar mhaith airgid . . .*

pionús *f.* Breithiúnas aithrí. *Bu trum na pionúis bhíoch na sagairt chuir air na sean-ndaoine fadó 24.*

pionsúr *f.* Ní bhéaradh ~ ar a leiceann atá sé cho caite sin 24 leiceann.

píopa *f.* 1. Píobán (duíne). *Bhí siad ag goil i bpíopaí a chéile 20, . . . ag achrann le chéile, ag dul ag tachtadh a chéile. Ceann do phiopa i do thóin! 19, - focal a déarfai le duine a bheadh ag gabháil fhoinn agus gan an ceol a bheith ceart aige. 2. ~ giolcaí 24, píopa a dhéantaí as giolcach sheargtha. D'úsáidí é (a) le uisce a ól tríd; (b) leis an ngaoth a ligean as bolg bó a bheadh ata. 'Eidír dhá easna chuireadh sé scor beag domhain lena sgian. Ar a' bpointe sháthadh sén ~ giolcaí stos ar lorg na scine. D'íobródh sé mar simléar. Cho luath is a thosódh a gaoth g'imeacht bheadh a' líonadh a' traochan' 24 píopa.*

pioróid *b.* Bean thanaí 20. ~ in bheag 20.

piorra /p'era/ 20, 24, /p'erha/ 19 *f.* Chomh tofa le ~ 20, 19, 24 croí.

píosa *f.* 1. Tamall. *Bhí sé 'nós mar bheadh rud ann bheadh ~ i bhfarrage 20. An mbíonn sé ina shuí píosaí? 20. Le ~ maith blianta 20. ~ de lá 19. 2. Carr nua as an b~ 20, carr nua ar fad. 3. ~ talaimh, ceathrú acra 20. 4. Píosa naoi bpingin. Sé phiosa 20, sé scilling is sé pingine. 5. ~ fleanín 20, an snáithe agus í réidh deilfe le cur sa seol. 6. 'kitty' (ag ceartaí). Cé mhéad atá tú sa b~? 20, 24A. *Bhí an fear a ghnú é píngín sa b~. Is minic a chaith an ~ bhfad dá imirt 27.142A. Cé tá sa b~? 24 buaileann. Comhairigh an ~ 24A. 7. Tamall argóna. Bhí an-phiosa againn 20. 8. Ní fear é ná ~**

ar thóin fir 20, ní fear ar bith é. . . . nach ndéanadh sé ~ air thóin fir' - sin é an meas a fuair duine dona riamh 24 brománta.

píosaíle *aid.* bhr. *Cuilt phíosaíle 19, cuilt paistí.*

píosairín *f.* Duine fíochrach. *Mara tú an ~! 19.*

píosarnacht *a. br.* Cogarnaíl 20, 19.

píosarnaíl *a. br.* Cogarnaíl. *Ag ~ chainte 20.*

píostal *f.* Gunna beag. *Suígh síos, ná bí ag imeacht i do phíostal ansin! 20, . . . ag siúl sa mbealach ar dhaoine.*

pípeáil *a. br.* Caitheamh píopa. *Thosa sé a' ~ as neart 24 gail. Sin é an díit a mbíodh a phípeáil nó go dtosódh a' cloigeann a' goil hart 24 píopa.*

pis *b.* ~ chapáil 20, pis fhiáin áirithe.

pislíneach¹ *aid.* Prislíneach 24.

pislíneach² *f.* Duine príosach 20. *Nach thú an ~ bradach! 20.*

pislínteacht *b.* Fidleáil (le hobair). *Ná caith an lá a' ~ leis 24. Go bhárr do chuid ~ leis, ní bheidh muid ré inniu 24.*

pítseach *b.* Lorg gearrtha. *Tá ~ an ghearradh ann 20. Cuirfidh mise ~ sa gcúl agat! 20. Tá an phítseach air 20.*

pítseáil *a. br.* *Ag ~ air 20, ag faire air ag iarraidh é a ghoid.*

pítseam pluc. *Ag imirt ~ air 20, ag iarraidh bob a bhualadh air le rud a bhaint de.*

pítseas. *Tá siad ~ 20, tá siad ar aon airde.*

plá *b.* 1. *An phlá mhíolach 19, an tífeas. 2. Bhí ~ amach thri mo chraiceann 20, bhí grís . . . ~ ghoiríní 20. 3. ~ shalachair 20, salachar ar fud na háite.*

plabar *f.* 1. Puiteach, láib 20. 2. Rud bog ar bith. *Tá sé ina phlabar agat 20 - le cáca a bhí ró-bhog.*

plabarálai *f.* 1. Duine a bheadh ag siúl sa bpuiteach 20. 2. Duine a bheadh ag torann ag ithe nó ag ól 20.

plabáil *a. br.* 1. Ag siúl i bpuiteach, nó in uisce. *Céadó ~ atá ansin ort? 20. Ag ~ san uisce 20. 2. Plobaireacht chainte. Ag ~ leis 20.*

pláibistéara *f.* Duine a gheallfadh rud ach nach ndéanfadh dada 19, 20. ~ óinsí 19.

plaic *b.* 1. Beatha, béile. *Ní ra mórán meas acu air a' b~ bhí siad fháil ann 24. Bhí cleachta air thou na bplaiceanaí tamal gon tsaol acu 24. 'Ní bhéarach sé ~ sa ló dhom, a' pháí bhí mé fháil wofha' deir sé 24. 2. Ní raibh aige ach ~ a' ghorria aríst go bhfuair sé bás 27.732, . . . beagan le n-ithe. Is acu a bhí ~ a' ghorrfhia 'na leith 24 íocaíocht. 3. . . . an méid a bhí goil a' bealach a' baint ~ as 24, . . . ag labhairt faoi go tarcaisneach.*

plaicín *b.* ~ ghabhair a dhéanamh de, é ar fad a ithe nó a ól d'aon iarraidh. . . . ní raibh sórt tíos ná tíobhas ionntu ach ~ ghabhair a dhéanamh dhó 27.544. *Chua muid go leath sa ngloinne, le leisce ~ ghabhair a dhéanamh rinne muid staidéar 27.680. Níl aon mhaith ag déanamh ~ ghabhair dhó 31.*

pláiméaraí *f.* Fear bocht a bheadh ag ligean air féin go raibh gustal aige 31.

plaine *b.* Ubh mhór. ~ mhór d'ubh 20. ~ g'ubh bhreá ghorm 27.1360.

plaincéad *f.* Plainc d'ubh 20.

pláistearánn. Cuireann pláistear ar. *An ceann a phláistearfaí* 20.

plaiteach, -án : **platach, -án.**

plaitíneach *f.* Duine plaiteach 20.

plána¹ *f.* Pána fuinneoige 20.

plána² *f.* Eitleán. *Sin é an t-am sa chéad choga mór ar thosa na plánaí goil thart 24 bogann.*

plánáil *a. br.* *Is ortsa atá an phlánáil air* 20, is agat atá an déanamh is athdhéanamh is cóiriú air.

plánáilte *aid.* Soiléir sothuigthe. *Bhí Gaeilge ghlán phlánáilte aige* 19.

planca *f.* ~ **plioncadh.**

planda *f.* ~ **gainimh** 19, gráinne gainimh faoi shúil duine.

plandáil *a. br.* Lánú (prátaí nuair atá na gasanna ó thrí go dtí cúig orlach ar airde) *24 saothraíonn.*

plás *f.* 1. ~ **feamainne** 19, brat feamainne scartha amach ar an talamh cothrom. ~ **aoiligh** 19. *Ag scaradh ~ feamainne atá mé* 19. *Tá an-phlás bainte agat* 20, go leor móna agus í scartha. 2. Garraí a mbeadh barr cothrom tiubh barrannaí ann. *Déanfaidh tú ~ dhó* 20, (tá tú ag cur iomarca aoiligh air agus) fásfaidh na barrannaí ró-uaidhreach.

plásáil *a. br.* Plásaiocht. *Clúiníocht agus deá-chaint atá ar bun aig a' bhfear atá a' ~ 24. Tá ~ mhaith aige nuair a fheileas sé dhó* 24. *Caithe uait do chuid ~ chainte* 24A. *Thosa mé a' ~ is dá mholadh* 24 bád. *Fua daoine a maircíocht oru le ~ is le clúiníocht go bhain siad gealla daof nach bhfeiceadh siad ar deire iad in a n-úchta* 24 droim. . . . le ~ ná le bladaireacht le achaine ná le eascaine ní chorródh sé 27.664. *Réis meala agus ~ agus a fás fuinseoige a bhí aige a chaitheamh ar liúradh eirt* 27.1061.

plásálaí *f.* Plásaí 24.

plásán *f.* 1. Deoch min choirce is leamhnachta nó uisce (gan bruith) 20. 2. ~ **sméara** 32, sméara brúite le chéile. 3. *Tá sé ina phlásán* 32, - le im a bhí leáite. *Bhí sé in aon phlásán amháin* 20, le bainne a dóirteadh. 4. Fear óg ramhar bog 20.

plaspairt *a. br.* Labhairt go líofa. *Ag ~ Béarla* 20.

pláta *f.* 1. *Dhaimhseodh sé ar thóin ~ 20*, is daimhseoir an-oilte é. 2. ~ **ceoil** 20, ceirnín ceoil. 3. *Conra plátaí* 20, cónra faoi plátaí miotail.

platach *aid.* Plaiteach 20.

platachán *f.* Duine plaiteach 20.

plátáil *a. br. b.* Míniú. *Ag ~ na hiomaire* 20.

pleabhtha *f.* Sclamh, giota. *Bhain mé ~ as* 20. ~ *a bhainfias soitheach* 20. *Baineadh ~ as mo mhéir* 20.

pleadhb *b.* 1. Duine salach 20. 2. Amadán 20.

pleadhbradh *a. br.* Bualadh. *Ag ~ a chéile* 20.

pleainc (*b.?*) Briosca mór cearnógach a bhíodh le fáil ar aontaí. D'ití le plótaí iad. (Tugtaí *horalaíos* freisin orthu, mar 'Hurley' a bhí ar fhear a ndéanta) 20.

pleaineáilte *aid.* Glic, cleasach 20.

pleaineáil *a. br.* *Fear pleanála atá ann* (architect). *Sin é an t-ainm a tugtaí air a leithide sin fadó* 27.295.

pléascadh *a. br.* 1. *Tá sé ina phléascadh arís* 20, tá

sé ag báisteach go trom arís. 2. *Ag ~ Béarla* 20, ag lascadh Béarla.

pléatáinn. Buaileann. *Thosa sé go mo phléatáil* 27.1095. . . . *an scáth a bhuail mé go rachadh siad a' pléiteáil a chéile* 27.867. *Ag pléatáil a chéile* 20.

pleib *b.* 1. Duine gan ghús, leath-amadán. *Níl ionat ach ~ 20.* 2. *Tá mé i mo phleib* 20, tá mé fiuch báite.

pleibeáil *a. br.* Pleidhciócht. *Is aige atá an phleibeáil* 19. ~ **aisteach chainte** 19.

pleibear *f.* 1. Leath-amadán 20. *Ní raibh ann ach ~ de dhuine* 20. 2. Duine salach gioblach 20.

pleibíneach *aid.* An phlá phleibíneach 19, an bhuinneach.

pleibire *f.* Pleibear (*q.v.*) 20.

pleibireacht *b.* Leibideacht, amadántaíocht 20.

pleibistín *f.* 1. Duine salach 20. 2. Duine gan ghús 20. 3. *Thit sé ina phleibistín ar an talamh* 20, thit sé ina phleist. . . . 4. Laidhricín na láimhe 20. ~ *an chaca* 20, *id.* 5. Lao dona, searrach dona 19. *Fuair an bromach ~ na seacht lacht* 19, fuair . . . seacht mbliana ag diúl.

pleistar /pl'esdər/ *f.* Pleist. *Díonadh ~ ar an urlár dhó* 20.

pleoitéara *f.* Pleota 20.

pleoitéarach *a. br.* Pleotáil (*q.v.*) 20.

pleoitire *f.* Pleota 20.

pleota : **spleota.**

pleotáil *a. br.* Pleotaíocht. *Bhí sé ag ~ mar sin i gcónaí* 20.

plé seam *f.* Spóirt, spraoi 20. *Rinne sé ~ dhó* 31, rinne sé ábhar magaidh dhó.

plimp : **plump.**

plimp pleaimp. Pflinc pleainc, go tobann. *Thit sé ~ as mo chomhair* 24A. *D'éite sé plimp plimp mé gan lasgainí air bich a thóirt dhom* 24 eitíonn. *Sheas sé roimpe ar a' mbóthar agus d'iarra sé plimp plimp dhui a' bpósach sí é* 24 seasann.

plíomaire *f.* Plíoma 20.

plíoncadh *a. br.* Bualadh 31, 20. *Siad a bhí a' tóirt a' phlíunca dá chéile* 24.

plíúraisí : **príúrisí.**

piob- : **piub-**

plógán streille *f.* Streillire gáirí, clabaire míréasúnach 20. *Nach thú an ~!* 20.

plubais(e) *b.* Duine ramhar, plobaire 20. *Plubaisc de dhuine* 20. *Nach é an phlubais de dhuine é* 20.

plubar *f.* 1. Boilgeog. *Chathá druídúint soir in uair sin ar fhaitíos go mbuailfhi aon phubar* (sic) ort 24 bacán. 2. Plobaire. *Nach í an ~!* 20.

plubaráil *a. br.* 1. Plobaireacht. *Ag ~ Ghaeilge* 20. 2. Méiseáil, slobaráil. *Is ort atá an phlobaráil leis* 20.

plubarnail *a. br.* Labhairt go míshoiléir, go pruisleach. *Ag ~ chainte* 20. *Ná bí ag ~ mar sin* 20.

plubóg *b.* Greim pluce. *Bhain sé ~ asam* 24A.

plubrach *aid.* Bogchainteach, plobartha.

plubrachán *f.* Plobaire 20.

plubsáil *a. br.* Plobaireacht chainte 20. *Ag ~ chainte* 19.

pluc' *b.* Log, ding. Tá ~ sa mbuicéad 20. Chuir sé ~ isteach ann 20.

pluc' *b.* Ná bíodh do theanga faoi do phluic anois agad 19, labhair amach anois.

plucach *aid.* Súile plucacha 19, bolgshúile.

plucaidí /plukiði:/ *f.* Plucaí, duine plucach 20.

plúchann. 1. Líonann rómhór. Ní ra lota ar na botháin aige nach ra plúchtaí le féar 24. 2. Dúnann. An le do chrúba bhí tú a' pluchadh na bpoil? 24. 3. Bhí sé ag plúchadh deataí 20, ag caitheamh a phiopa go tréan. 4. Ceileann (radharc), tá sa scáth ar. Phlúchadh sé Carraig na bPortán ort 19, cheilfeadh sé . . . Tá binn an sciobóil ag plúchadh na gréine ar an teach 19. Ná bí ag plúchadh an tsolais orm! 19. Ag plúchadh an radhairc ort 19. 5. Buaileann cos ar (scéal). Plúchfaidh muid an scéal sin 19. Plúch mé an scéal 20.

plucóg *b.* Breac áirithe 31.

plucsáil *a. br.* 1. Caint líofa mhórfhoclach. Bhí ~ mhóra Bhéarla aige 20. Ag ~ Bhéarla 20. 2. Deasú liobarsach. Rinne mé fhéin sórt ~ orthub [bróga] 20. 3. Goid. Ag ~ airgid 20.

plucsálaí *f.* Oibrí gan slacht 20.

pluibinteacht *a. br.* Plobaireacht. Ag ~ chainte 19. Ag ~ gháirí 19. Ag ~ chaoineacháin 19.

pluid *b.* Téirigh 'un pluide! 19, gabh a chodladh. Tá sé go smig i b~ anois 19, tá sé ina chodladh anois.

pluideog *b.* 1. Neaicín linbh 24. Bhfeiceann tú an phluideog atá crochta buil a' tine, tóir dhom í 24. Casa mé an páiste sa b~ anois 24. 2. Pluideoga, ceirteanna. Tá sé ag imeacht ins na pluideogaí anois 24.

plump *f.* Plimp, pléasc thoirní 19. ~ mór toirní 20. (iof) Plumpaíl mhóra thoirní 20.

plúr *f.* 1. Tá sé 'na phlúr agut 24 - a deirtear le fear a bhfuil a gharraí saothraithe go maith aige le haghaidh arúir. 2. Chomh tirm le ~ 20, - le prátaí plúracha.

plúruil *aid.* 1. Mín ar nós an phlúir. Má tá an chreafóig an-phlúruil agus úireacht innti . . . 24. Tá sí cho ~ le gaineamh na trá 24. 2. Tirim is briosc. Fátaí breá ~ 24. Tá siad cho ~ is go beag nach dtachtach siad ú mar mbeach blogam eicint agut leof 24.

plutaíocht *b.* Gadaíocht. Déanann siad ~ ar dhaoine 20.

plutálaí *f.* Séitéir (ag cártaí) 20.

pobal *f.* Paróiste. Sagart pobail 19. Tá an scéal i mbéal an phobail 19, tá sé á insint go forleathan.

poc' /pok/, /puk/ *f.* Fonn cúplála ar an ngiorria baineann, nó ar an ngabhar. An t-am seo bhliain nuair a thagann ~ air an gceann boineann táir-míon na boic air fad eirí 24 boc. A' dtáinic a' gour faoi phoc fós? 24 gabhar. Bhí sé ráití ariabh, nuair a haggann a' síoc go dtagann na gúir faoi phoc 24. Tá puc ar a' ngour 24.

poc' /poc/, /puk/ *f.* Buille. Fuair a' bád an-droch-phuc ó bhád mór bhí lochtaí agus í a goil hairistí isteach 24. Ffr. boc.

póca *f.* 1. ~ beag 19, póca brollaigh ar sheaicéad. ~ píopa 19, póca beag ar veist. ~ ceathrún 19,

póca taobh thiar ar bhriste. ~ díreach 19, póca taoibhe briste. ~ treasna 19, póca ar thosach an bhriste. ~ de phiosa 19, 'patch pocket'. 2. Clúdach litreach. ~ leitir 20. . . . nach raibh ann ar ball ach mar bheadh póca beag litir i mbarr na spéartha 27.123. 3. Thuirfadh sé sin aníos as do phóca é 20, is súdaire cruthanta é. Is beag a aireos ~ Faidht é 20 - a déarfai nuair a bheifí ag dul airgead mór a chaitheamh. A phóca a chuir abhaile é 19, d'íoc sé as é [féar] a chur abhaile. 4. Garraí beag 20. Póicín beag fataí 20. 5. ~ boid 20, 'condom'.

pocach /pokax/, /pukax/ *aid.* Tugtha do bheith ag pocáil. Seachain a rachá isteach sa bpáirc sin bhfuil na caoire ann, mar tá an reithe pucach agus leana sé thú 24. Gheofá cour ghounin cho pucach le aon reithe 24.

pocaide *f.* 1. ~ fásach 31, giorria. 2. ~ cearc 31, tiachóg tuí ina gcúirtí cearc ag breith ann. 3. Pocaídl móra 20, bolgshúile. 4. Duine dall-intinneach 20. Níl ann ach ~ de dhuine 20. Sfh. Amhais an Turlaigh is pocaídl dubha Ros Muc 20. Scread mhaidne ar do chloigeann ~! 20. 5. Poll an phocaide 20, an lag beag taobh thiar de líopa na cluaise. Cuirfidh mé méar i bpoll an phocaide agat 20.

pócáil *a. br.* Ag ~ fataí 19, ag baint phrátaí le do lámha (le haghaidh béilí) (gan na barrannaí a bhaint). Á b~ le do lámha 19.

pocann. Reitheann. Phoc sé ceann go na gúir air maidin 24. Níl ceann a bích go na gúir pocaf i mbliana mar ní ra aon phucaide hart 24. . . . ach má bhí sí faoi phoc níor phoc ceachtar acu í 24 boc.

pocleandar /pok'l'andar/ *f.* Seabhaitiléir a bheadh ag imeacht le cailíní óga 19.

pogaí : pugáí.

poiblí *aid.* Dhá rá go ~ fhéin a bhí tú 20, á rá amach go soiléir. Níor dhúirt sé ~ lena mbéal é 20, ní dúirt sé go soiléir leo é.

póicín *f.* ~ cailleach dhubh 20, sparán na caillí duibhe (craiceann uibhe an scolabaird).

póilí /'po:'li:/ *f.* Póilín 19, 20, 24.

poillín /paul'i:n'/ 24, /paul'i:n'/ /pel'i:n'/ 20. 1. ~ líobáin a thabhairt do rud, rud a bhá. Hug muid pouilín líobáin dó 24 bullán. 'Tabhair Pouilín líobáin dó' a deir fear amanta le fear a raibh aimhreas air a mhada go raibh sé a' marbh caorach 27.1429. 'Dá gcuirea folach phouilín líobáin air, g[h]eibheadh a' dlí amach é' deireach siad fadó 27.1429. B'fhearr leat a bpouilín líobáin sa deire ná a' plé leof 24 tanaíochan. . . . báite . . . In aimsir na 'Tans' bhíodh caint air chor fhear a thóg siad . . . 'sé is dóidí' a deireach fear 'gurb é pouilín líobáin a fuair sé' 27.1429. 2. Ag déanamh ~ in airde 20, 'head-over-heels'.

pointe *f.* 1. Níl aon phointe sa ló nach bhfuil ball acra eicint ag tastáil uaidh 20, . . . nóiméad sa ló . . . 2. Tá sé ar na pointí 20, tá sé ar tí tarlaithé, teacht, etc. Tá sé ar phointí stopadh anois 20. Beidh sé chugat ar na pointí 20, . . . ar an bpointe boise. 3. Chuir sé pointí móra as dhuit 20, chuir sé as duit go mór ar go leor bealaí. 4. Duine a mbeadh

~ ann 20, duine a bhféadfá a bheith ag brath air leis an rud ceart a dhéanamh. *Bhí ~ gnaíllacht ann 20, bhí sé gnaíúil i gcónaí.*

póirse /po:ɾʃə/, /po:ɾsə/ f. Poll beag sa chlaí a mbeadh casán dearg déanta tríd. *Níl fhios cé na coiníní tá sé a mharbh le súil ribeachaí air na pórsaí 24 coinín. . . . bhí pórsa i mbun a' chlaí a dtug sé a oe air 24 greim. Cuire muid a' tsúil ribe ar a' bpórsa seo, tá sé a' breamú an-bhuailtí 24 súil ribe.*

poirtúil aid. Bródúil. *Bionn dream daoine ann a bhíonn an-phoirtúil as a' ngríobh a rinne siad 24 gríobh. . . . gurb é an dreoilín an t-éan is sonda is bromanta agus is poirtúla go éunacha beaga eile an aeir air fad 27.1235. Tá sé ráite ariamh gur air a' gcárnaoile is poirtúla a bhíons a' coilleach a' glaochach 24 aoileach. Siad a bhí ~ a breamú a íocht amach as a' séipéal dhaof réis a bpósta 24. Mullachán go chaillín a' bich nach bhfuil cho ~ leiche, . . . 24.*

poiticéar f. Duine neamhsrupallach, santach. *Is ort atá cuma an phoiticéar. . . . Siopa an dochtúra a bhí an t-Arraineach a chuarta. An chiall a bhí ag Micil leis a' bhfocal gur 'conis fir a thug é fhéin air a bholg chuill am agus áit a bhfuair séné deis'. Deirtear 'poicéar' freisin ins sa míniú céana 27.801.*

poitseáil, -álaí : **puitseáil**, -álaí.

Pól a. díl. . . . go bhfaighe ~ a shúil 20, go brách. *Dhíun pósadh go bhfaighe ~ a shúil 19. Ní dhéanfaidh tú é, go bhfaighe ~ a shúil 19.*

Polac /'po:'lak/ f. Polannach 19.

poll f. 1. ~ ascaille. *Dhíun tada thug mé di ach lán ~ m'ascaille 19, . . . beagán. Céard tá inti ach lán ~ m'ascaille 19, níl inti ach beainín bheag. 2. Cloch ~ ascaille, cloch a chaithfeá amach faoi bhun d'ascaille. Síos le do thaoibh a bheidheas do lámh a' cathadh cloch ~ ascaille 24 cloch. 3. ~ ancaire 19, áit ar an bhfarraige go bhféadfadh báid dul ar ancaire ann. 4. ~ luifearnach, poll miodamais. *Cuiriu cos le déanamh poul luibhearnach dó 27.827. 5. Ní am ~ le teallach é 19, ní am le bheith díomhaoin cois tine é. Tá sé ina pholl le gaoth ansiúd thiar anois 20, tá sé fágtha as féin in áit sceirdiúil. 6. ~, riar mhaith. Le ~ maith de bhliain 20A. ~ maith di 32. Is maith an ~ i do mhí a thóigfeadh sé ort 20. Beidh ~ maith isteach i mo sheachtain shul má bheas mé ré leis 20. 7. ~ mall, roinnt mall, ró-mhall. *Bhí siad poul máll nuair a fuair sé bás 27.517. Ach ní dheacha sé dhá fhiarraí go rabh sé poul mall 24 ocras. 8. Le ~ a gcluaise, an-chóngarach dóibh. *Proinnsiasaí a bhí sa teach le pol a gcluaise taobh shoir dhíobh 27.462. . . . agus meireach sin, réis go rabh sí le ~ mo chluaise bheadh sí gan déanamh amach 24 péist. 9. ~ dé /paul'de:/, deargmhaidín. *Bhí sé ina shul le ~ dé 20. Bí i do shuí leis an b~ dé 20.*****

pollach aid. Faoi rian na bolgaí. *M'racha Pollach 19.*

polladh péisteach aid. Pollta ag péisteanna. *Ní bhíonn fataí ar bith ~ anois 19. Tá na fataí ~ 20.*

polladh péisteach b. Poill de bharr péisteanna. *Fataí a mbíonn polla páisteach nó tolladh péisteach*

iontu is air a bpéist thalún a leagtar é . . . 24 péist thalún. Tá siad (prátaí) lán le ~ 20. Ní bhíonn an oiread sin ~ iontab 20. Tá ~ air 20 (le hadhmad).

polláire f. 1. Lúb don mhéar fhada nó don ordóg, sna miotáin 19, 20. 2. Poll d'iall bróige 20.

póre f. Duine ramhar 20. *Tá sé ina phórc 20.*

port f. ~ na bhfiacal, bualadh fiacal. *Bhí ~ na bhfiacal aguinn le fuacht . . . 27.70. Bhí ~ na bhfiacala aici, an chaoi ra sí a' creatha le fuacht 24 creathann.*

portail b. Portaireacht. *Is breá an rud ag éisteacht le na smúláí a' portaoil chuile mhaidín níos mó 24.*

portán f. 1. ~ rua 20, 32, cineál áirithe portáin. 2. *Is gearr go mbeidh muid ag na portáin 20, . . . go mbeidh muid marbh. Tá sé ag na portáin anois 20, tá sé báite.*

pósadh b. *Bhí an ~ beag díonta aige 20, bhí sé tar éis comhriachtain a dhéanamh (leis an mbean áirithe a bhí sé le pósadh ar ball). Níl ansin ach ~ leic an teallaigh 20, níl ansin ach caint cois teallaigh ar phósadh (nach ndéanfaí).*

pósann. ~ isteach, pósann duine agus tugann isteach sa teach chun cónaithe é. *An ceann a d'fhan sa teach phós sí isteach fear go na Cilíní 27.562.*

posta f. 1. ~ a sheasamh, gnó a dhéanamh, tacaíocht a thabhairt. *Bhí siad a' seasadh ~ gan dream sin a rabh in [an] chuid sin gon talamh in fhéarach acu 24 líbann. Bhí bundán a' chlog factory a seasadh ~ mór dhaof 27.151. Ba dhí Cáit Bean a Smálaí a bhí i mbéul a' dorais a sheas ~ gon tseanbheirt 27.1065. . . . réis an chaoi ar sheas mé ~ of an uachta 27.925. Bí mór leis a' ngrabaire, seasa sé ~ lá eicíní dhuit 24 seasann. 2. *Chath mé leath a' lae ag imeacht ó phosta go piléar air a torg 24 lorg, . . . ó áit go háit . . .**

postúil aid. Bródúil. *Chomh ~ le cut a mbeadh póca air 19.*

pota f. 1. *É a chur sa b~ ag duine, imirt ar dhuine, cleas fealltach a dhéanamh ar dhuine. Shíl tú é chuir sa b~ ag a' gcráin-fhear 24 cráin-fhear. . . . gur chuir sí sa b~ go maith againn é sa meáchan 24 díolann. Chuir tú sa b~ aige é an chaoi ar imir tú air 24 droim. Is minic a' cuirú sa b~ aig muintir a' bhean óg é air chuide go na cleounais 24 cleounas. Á fheabhas dá raibh sé bhí sé dá chuir sa b~ na dhiaidh sin aige 27.1136. 2. *Oíche an dá phota, oíche a mbeadh feoil leis na prátaí. . . . deir sé éasca go maith go geatha sé gur 'ó dhá phota' a bhí inní 24 leiceann.**

prábálaí f. Méiseálaí, práisceálaí 31.

práca f. 1. ~ de dhuine 19, oibrí míshlachtmhar. 2. *Tá mé i sáil an phráca anois 19, tá mé sáinnithe ceart anois.*

práca f. Bráca. ~ tí 19, teachín beag dona.

prácamúil b. Obair mhíshlachtmhar. *Cé sórt ~ é sin ort! 19.*

prae b. *Ní ~ mhór a bhí a fear bocht, is rífhrusta cuir aige anois 24, níl an fear bocht láidir anois . . . Ní rabh ~ air bith san uair a gcaitheamh na bliana atá ime hart 24, ní raibh maith . . . Tá faitíos orm nach mbeidh aon phrae mhór sa lá . . . 24. Bhí cuid*

acu tofaí agus cuid acu gan mórán pré 27.475. *Ffr. frac.*
praeúil *aid.* Maith, rathúil. *Ní solas ~ atá air* 20.
 práibeachán : **prábálaí.**
praidhm. 'Prime'. *Tá siad ina b~ saoil* 19. *Caill-eadh í i b~ a saoil* 19. *Nuair a bhí tú i do phraidhm saoil* 19.
praimlí *aid.* Tubaisteach. *Nach ~ an scéal é* 20.
práinniúil *aid.* Ríméadach. *Tá sé cho práinniúil ann leis a' bhfear a bhí i gCornamóna . . . 24 minbhúf.*
práisceáil *a. br.* Méiseáil. ~ *cheóil* 19, ceol gan mhaith. ~ *gháirí* 19, gáire sheafóideach.
praiseach *b.* *Fuair sé ~ eicint* 20, fuair sé suim éigin airgid. *Tá ~ aige* 19, tá airgead aige [agus é ag glogarnaíl ina phóca]. *Ffr. pruiseach.*
práisleáid *f. 1. (iol.)* Feisteas ornáideach, ornáidí. *Í fhéin is a cuid práisiléid* 20 - le bean a mbeadh ornáidí á gcaitheamh aici, ina cuid gruaige, etc. 2. *Cé a chuir an ~ uaidh?* 20 - le cac d'fheicfeá ar an mbóithrín. 3. Sraoill bhog ramhar de dhuine 19.
 pramsáil : **framsáil.**
prásán *f.* Duine mór bog ramhar sraoilteach 19.
 práta : **fata.**
Pratastún *f.* Protastúnach 20.
preab *b. 1.* *Sa b~ dheiridh, sna preaba deiridh* 19, *sna preaba deireanacha* 20, ar tí báis. 2. *Níor hainig aon nuacht go hÉirinn ó bainiu a' chéad phreab inntí síor sna cianá a chuir an oiread gliondar agus áthas ar na daoine* 27.1326.
 preabán : **priobachán.**
preabhda /pr'auðə *f. 1.* Cailín beag deas péacach 20.
 2. Beainín bheag éadrom bhunáiteach 20.
preabhdóg /pr'auðo:g/ *b.* Preabhde (*q.v.*) 20.
preabrusach *aid.* Beo biogúil spleodrach 20.
préachán *f. 1.* ~ *glas* 19, caróg liath. 2. *Tá tú ar liosta an phréacháin* 19, tá tú i ngar don bhás. 3. . . . *teanga nach rabh aon cheo meabhair aici inntí chan oiread leis a b~ a bhí amui air a' tom* 27.51. 4. ~ *na gcearc* 24, 'grey crow'. *Rachadh ~ na gcearc siar ina mbéal le farach gáirí* 24 *gealbhan*, bhí a mbéal a leathadh ag gáirí. 5. ~ *na gceirteachaí* 31, scald-crow (?).
préachann. *Phréachfadh sé na giorraíochaí* 19, . . . *na Danes, . . . an Turcach, . . . na hEoghain* 20 - le aimsir fhuar.
príúil *b.* Sabhsa a dhéantar le plúr agus oinniúin le cur faoi iasc goirt. *Cuirfidh muid ~ faoi* 20.
príúilann. Cuireann (iasc goirt) ar bogadh le sabhsa. *Iasc príúilte* 19. *Príúilann siad i gcónaí é* 19.
príbhléideach *aid.* Priobháideach 20.
pricín *f.* Buille beag. *Níor bhuail mé air ach ~ beag bídeach* 20.
prín. Agall le glaoch ar lao 24 *prua.*
priobachán *f.* Giodáinín beag talún 20.
prioc *b. 1.* Bean bheag chaite mhímhúinte bhunáiteach. *Nach í an phrioc í* 20. *Is óg an phrioc í seo* 20. ~ *chaite* 20.
priocachaí. *Doir ~!* 20, maolú ar 'Dar Críost'.
priocadh *f.* *Bhí sé ag fáilt corr-phriocadh* 20, bhíothas ag goid cuid de ó am go chéile.
priocaidí *eidhe /'pr'ukədi :* 'ai/. Leasainm a thabht-

arfadh girseach ar ghirseach eile. *Stop a phriocaidí eidhe!* 20.
priocaire *f.* Láí bheag chaite. ~ *go shean-láí na bliana roimhe sin* 27.1451. 'Tá ~ beag ansin,' a *deir a' bhean, 'má tá aon mhaith dhuit innti'* 27.160.
priocaireacht *b.* Méirinteacht, fidleáil. *Ag ~ leis an obair* 20.
priocóigin *b.* Cailín beag tanaí éasca postúil 20. ~ *bheag bhídeach* 20.
priompallán *f.* Gasúr beag, duine beag. *Nach é an ~ é!* 20. *Ffr. prompalláin.*
prionda *f.* Prionta. ~ *ime* 20, giota mór (cupla punt) ime a mbeadh prionda ornáideach air. *Prindíní ime* 19, liathróidí beaga priondaíte ime.
priondáilann. Cuireann gréas (ar im). *Im a phriondáil* 20, 19. *Im priondáilte* 19.
prionsa *f. 1.* Togha duine (le hobair, le macántacht, le béasa). ~ *fir* 20. *Ba é ~ an fhir é* 20. *Ba í ~ na mná í* 20. 2. Dea-bhéas. *Deirtí freisin é le fear . . . a bhéaradh aisfhreagra air shagart nó fear ceannasach air bith 'dá mbeadh ~ ann ní labhairfeadh sé'* 27.1436. 3. Flaithiúlacht. 'Má tá airgead aige' a *deir fear 'deamhan go leor ~ ann'. Fear nach spáineach mórán ~ is fear tútach i súile na ndaoine é* 27.1436. *Fear i dteach bainse, a mbeadh roinnt an óil faon a chúram agus nach spáineadh mórán ~ dhá dhéanamh . . . 24 béilí.*
 prioslach, -án : **priusleach, -án.**
priosta(chaí). *Doir príosta!, Doir príostachaí!* 20 - maolú ar *Dar Críost!*
 prislín, -each, -eacht : **pislín, -each, -teacht.**
príúineáil *a. br.* Pointeáil, cóiríú. *Tá an oiread ~ agat air* 32. *Chaith sé an fhad ag ~ air* 32.
príúirísí (*iol.*) Plúiráisí! *Is dona iad na ~* 20.
próca *f.* Prócar (circe) 19. *Tá dó phróca lán* 19, le duine a mbeadh a shá ite aige.
procais *b. 1.* Brocais (sionnaigh). . . . i gcómhangar na prucaise . . . 24 broc. . . . *bhí cuain shiar a [i] b~ sionai aici. Ní ra an phrocais a bhfad as an áit* 24 *airdeall. 'Fuair mé caiti' a deir fear liom bounta, 'i mbéal na procaise iad', le dhá lacha tí bhí na láimh aige* 24. 2. Uain thalúna a mbeadh duine (ina chónaí) i bhfolach ann. . . . *san áit is láidre gon chreig air fad bhí ~ aige . . . Tá cuimhne mhaith agum féin air a' bprucais sul má múchú í* 27.541.
prochlaois *b.* Praiseach. *Tá sé ina phrochlaois a'd* 20. *Céadóis ~ a deabhail tá déanta a'd dhó?* 20.
prochóg *b. 1.* *Má tá sé i bpoll nó i b~ gheobhaidh seisean é* 20, má tá sé in áit ar bith . . . 2. *Tá an phrochóigin lán agam* 20, tá mo shá ite agam. *Ffr. pruchán.*
proibí *f.* Leithreas. *Cá'il an ~?* 20.
próis *b.* Próiseas dlí. *Bhí sé ag tabhairt próiseanna aisteach orm* 20, bhí sé ag breathnú go drochmhúinte orm.
próiseálann. Próiseonn. *Próiseáladh iad* 20.
próiste *f.* Duine mór ramhar: ~ *mór* 20. *Sí an ~ í* 20.
prompallán *f.* Priompallán 24.
prompán *b.* Crompán, talamh íseal móna ar

bhruach cuisle nó abhann. *Tugu isteach air a' bprumpán é 24 bád.*

Protastúnach : Pratastún.

prua. 1. Agall ag glaoch ar ghamhna chun beatha. '*~ ~*' . . . níl le déanamh agut ach '*~ ~*' a chuir do shean-bhéice asut agus má airíonn siad thú is géarr go dtagadh siad na sean-rása 24 airíonn. 2. Agall ag glaoch ar chapall nó asal. *~ leat anseo! 20* - le capall.

pruach. Agall ag glaoch ar chapall chun beatha. *~ ~! 19.*

pruacháin. Agall ag glaoch ar chapall. *~ ~! 19.*

pruchán f. Prochóg. *Níor fhág sé poul ná pruchán gan líona 24 dorcha.*

pruicéimreach a. br. Foléimneach, pramsáil. *Gasúr a bheadh ag ~ sa ngarraí 19.*

pruicéineach f. Duine beag beathaithe 20. (Focal drochmheastúil é).

pruíneo. Agall ag glaoch ar bhó 20. (*Príneo freisin 32, 20*).

prúisc b. 1. Tine mhór. *Ní fhéatá ghoil i ngaobhar a tealaí leis a' bpruisc go theine bhí shíos aici 24. Bhí prúisc go thine faoi cho maith is a thórad fheiceáil 24 bacán. Mo chearú a bhí a' fáil a' scala ó phrúisc go thine a bhí shíos 24 scalladh. 2. Brúisc. *An phrúisc go chloe bhí títí . . . ar a' b ~ sin a thit gon chruach mhóna 24. Sgior ~ gon mhóin óna chosa 24 pionús.**

pruiseach. ~ praiseach, an-phraiseach. *Tá sé ina phruiseach phraiseach aige 20.*

pruiseáil a. br. Méiseáil, práisceáil 20.

pruiseach' f. Duine mór ramhar. *~ mór ramhar 19. ~ de pháiste 19.*

pruiseach' 2. aid. 1. Prioslach 20. 2. Sraoilteach, neamh-chrochnúil (le obair). *Sailleadh ~ 20.*

pruiseachán f. 1. Prioslachán 24. 2. Oibrí míshlachtmhar 20.

pruiseálaí f. Prioslachán 20.

pruiseál f. 1. Cnuasach. *~ uibheachaí 19. ~ breá airgid 19. Is é a fuair an ~ air 19, is é a fuair an slam airgid air. Bhí ~ inti 19, cnuasach uibheacha inti (sa nead). 2. ~ cloiginn 20, cloigeann mór míchumtha.*

prúnáil : príúineáil.

pruntach b. Páiste beag ramhar 20.

prúscán f. Brúscán. *Is íontach a ~ a rinne an crann mór críon fuinseoige nuair a thit sé. . . breanú air a' b ~ a díonú gon dá chár nuair a buailíú an oe a chéile iad 24.*

puca' f. 1. Mála mór. *Céard tú sna pucaí agat? 20. 2. Mála na déirce. Thobair blianta na cánach pucaí a chuir orrain 27.125. Cuirfe dúna na tornóige . . . pucaí orainn 24. 3. ~ seoil 20, foireann seoil. Chroch sé ~ seoil 20, d'ímigh sé leis. 4. Bhí oiread pucaí air 20, bhí oiread (sean-) éadaigh air. Caithfidh mé cuid de mo chuid pucaisí a chaitheamh dhaom 20. 5. Tá tú i do phucaí anois agam 20, tá tú sáraithe anois agam. Rinne sé ~ dhó 20, thraoch sé le hobair é. 6. Tá sé ina phuca le feoil 20, tá sé an-ramhar.*

puca' f. Púirín seangán. *Bíonn an dearg-ghráin aig*

fear spile air a' b ~ nuair a castar leis sa mbái é 24. Bhí fear dhá rá liom a bhí a gCoga na mBoers gur minic a leag sé a léine a bhí mí air a chraiceann . . . agus í a' siúl le tréadáin air a' b ~ aig na sniogaín agus go dtagach sí mach cho ghlan leis a' gcriostal 24.

púca f. 1. Duine aineolach. *É ag imeacht ina púca 20. Níl a fhios ag an deabhal sin aon cheo faoi . . . ach oiread leis an b ~ 20. 2. (Le oibrí mór) Dhíonfadh sé oiread oibre leis an b ~ 20. Níl an ~ fhéin ann leis ag obair 20. Tá sé chomh láidir le ~ 20. 3. ~ breilleach. (a) Seachain an ~ breilleach ort fhéin! 20, focal le faitíos ar chur ar ghasúr. (b) Duine mór míchumtha. *Nach í an ~ breilleach í! 20* - le bean mhíshlachtmhar. 4. (a) ~ dubh 19, 20, seilimide dhubh nach mbíonn blaosc uirthi. *Má chrathann tú gráine giúan air a' b ~ dubh is géarr go bhfeice tú a' díona meáil cúbhair é 24. Réamai na bpucaí dubha 24. (b) Seilimide bhán gan bhlaosc. A ra aon cheann acu leath ítf ag ~ dubh nó aig púca geal 24 mímhéid. Fágann seilimidí agus púcaí dubha agus geala gloigheachaí móra in a ndia air a' tala 24 glae. 5. Sméara cac púca 20, sméara dubha ó lá Samhna amach. Miosarún ~ 20, miosarún de chineál áirithe nach bhfuil inite. 6. Tá an oíche chomh dubh leis an b ~ 20.**

pucaire f. Duine leathan teann 19.

pucaíann. 1. Suaitheann (cártaí). *Pucaí iad 20. 2. Suaitheann, tuirsíonn (duine) 20. Tá tú pucaíte suas agam 20.*

púcán f. 1. Craiceann róstithe ar phráta 19. 2. Búdán (ar mhéir thinn) 19.

pucán f. 1. Buaidh bheag 19. 2. ~ streille 20, buaidhe a scaoilf den fhoirtéim (?). *Tá sé ina phucán streille agat 20, tá sé milte agat. Rinne sé ~ streille dhom 20, . . . bambairne.*

pucann. Suaitheann (cártaí). *Puc go maith iad 20.*

puchán f. Meall faoina smig ag caora nó beithíoch le tinneas 19, 20, 32.

pufáil a. br. Bualadh. *Thug mé ~ dhó 20. ~ bhuaillte 20. Bhí sé dhá pufáil aige 20.*

pufairne. 1. Duine ramhar giorranálach. *Bheadh truaí agut gon phufairne bocht 24. 2. Duine a bhfuil caint phlúchta aige (a mheastar le héirí in airde). *Bu í héin a ~ mrá, ní bheachas agut an mór inti héin bhí sí nó gan fonn louirt 24. Siad héin na pufairní, deoun go leor subhálceas a' siúl leaf 24.**

pufarnaíl b. Casacht bheag leanúnach. *Stop do chuid ~ casacht am eicint 24. Ní bhfuair mé néal go chola na h-oi uaidh ach é a' ~ a' taobh eile dhom go maidín 24.*

pugaí f. 1. Duine gan mheabhair gan ghús 20. *Nach thú an ~ 20. 2. Capall gan 'intinn'. Níl aintí ach ~ - capall a bheadh ag imeacht is a cloigeann fúithi 20.*

pugaídí / pugəđi: / . Pugaí (q.v.) 20. ~ eidhi / pugəđi: ai/ 20, leas-ainm a thabharfadh gasúr ar ghasúr eile. *Ffr. priocaidí.*

puic b. agus f. 1. Duine mór ramhar. . . *hainic poic g'fhear mór go dtí é. B'fhíos [= bhí a fhios] aige go maith cé shé an poic 24 ceannafonn. Tá tú i do*

phuic le feoil 20. ~ *mhór* 20. *Is é an phuic é* 20. 2. Boc mór, duine saibhir. *Puiceannaí móra* 20. *Sin iad caranaí na bpuiceanaí . . . is frusta aithne cé aige tá an t-airgead* 24. *Is air a bhí cuma an phuic, leis a' d'fona suas bhí air* 24.

puicealach, puicearlach *f.* Puic (*q.v.*) 20.

puicéaraí (*a*) *f.* 1. Duine mór ramhar. *'Tá' a deir sé' ~ go mhinistéar a bhfuil mé ag úilí dhó air feadh mí mhór fhada'* 24 umhlaíonn. *Is deabhlá an ~ é* 20. 2. Duine a bheadh ag cruinneáil a choda. *An bhfaca tú an ~ ag goil thart?* 20. 3. Súdaire. *D'fhanach a' ~ go maidin ann dá woeach sé ól bog* 24. *Go sheala puicéaraí . . . agus m'anam ná ra ag a' deoul mar n-ólach siad as sáil thinn é ach é fháil in aisce* 24.

puicéaraicht *a. br. b.* Imeacht thart ag iarraidh déirce 20, 31. *Ní fhaca tú aon cheó aríomh is cáille ná a' ~ hart mar seo* 27.573. *Ní fhaca tú aon puicéaraicht is cáiltí ná goil hart mar sin, ag iarra plaic le n-iche ó theach go teach* 24.

puicín *b.* 1. Seoimrín beag dorcha. . . *sa b~ go sheomra gránna a breanu air a chuid ballaí fuara leis a solas beag suarach brocach a bhí lampa beag gas a chatha* 27.71. 2. Binn de sheál mar chlúdach. *Bhí faitíos uirthi go n-aithneoinn í agus tharraing sí ~ amach uirthi fhéin* 20. 3. An cluiche 'blindman's buff' 31.

puicneach *f.* Puic (*q.v.*) 20. *Puicneachaí breá* 20.

puiléaraí *f.* Fear a phollann clocha le 'bíor' iarrainn, agus a scoilteann iad le ding. *Níl baol air an oiread puiléaraí anois ann is a bhíodh fadó* 24. *Ceap ord a' phuileáraí* 24.

puiléaraicht *b.* Obair an phuileáraí (*q.v.*). *Obair chloiche a bhí ar fad san am sin agus d'fhág sin a' phuileáraicht 'na ceird láidir* 24. *A' ~ a chath sé a shaol* 24.

puilicín *f.* Duine nó ainmhi beag ramhar 19.

puír *b.* ~ *chapaill* 20, luibh áirithe cosúil le pis?

puírín. 1. ~ *siogán* 20, nead seangán. 2. *Bhí lán ~ na cátha acub ann* 20, bhí muirín mhór acu ann. 3. Poillín luaithe ar thaobh na tine. *Tá an lua tá sa b~ dearg fós* 24. . . *hainic frog aniar as póirín* (sic) *na luaithe* 27.166. *Níor fhág sé puírín na luaithe ariamh* 19, níor fhág sé an baile amach ariamh. *Aniar as ~ na luaí tá an deatach a tíocht, tá rud eicntí a' dó ann* 24. 4. Poll i gclai leis na caoirigh a ligean tríd. *Seas air a' b~ agus ná lig na caoire amach* 24. *Tá na puíríní atá ré agut buile mór go math* 24.

puírt. *I b~ (is) i bpáirt* 20, ag obair i gcomhar le chéile. *Bhí na siopaí sin i b~ sa [is i] bpáirt acu, ní rous aig aon nduine cén t-ónéaraí ceartí bhí chor a' bích orú* 24 páirt.

puis *b.* Deifir. *Gan ~ gan deifir* 24 *déanann. Ní raibh ~ mhór ar bith orm* 20. *Níl muid ag cur aon phuis lib* 20. *Nach ort a bhí an phuis ag goil ann* 20.

puisín *f.* Béilín (le gáire) *Thagadh ~ gáirí air agus thosódh caint a' téacht dó* 27.545.

puiteach *f.* 'Praiseach'. *Rinne sib ~ gon teach a ríthe isteach sa 'mach ó d'ime me* 24. *Tá na milseáin 'na b~ shíos a mo phóca* 24. . . *tóig na*

fataí go beó, tá siad ina b~ 24. *Rinne an fear ~ gon scéal ó bhuail sé ladar ann* 24.

puitionn. Déanann 'puiteach' de le bualadh, beatrálann. *Phuite sé go mór é le bhuaíl sé air . . .* 24. *Puíteo' sé thú mar bhfana tú woe air fad* 24. *Bhí sé go mo phuitiú leis a' bhfásán go chuir sé dath dubh orm* 24. *Go bpuítí an deoul t'asnaíochail!* 24.

puíts *f.* Duine míshuáilceach. *Sin é an ~* 31. *Ní labhairíodh an ~ liom* 31.

puítse *f.* ~ *na caillí mairbhe* 19, blaosc uibhe éisc ar nós an roic is an scolabaird.

puítseáil *a. br.* 1. Póitseáil 20. 2. Cur i bhfolach 20. 3. Méiseáil. *Ag ~ oibre* 19. 4. *Ag ~ Bhéarla* 19, ag labhairt Bhéarla go briotach is go briste.

puítseálaí *f.* 1. Póitseálaí éisc 20. 2. Duine a bheadh ag cruinniú rudaí dó féin is dá gcur i bhfolach 20.

pumbáil, pumpáil *a. br.* Dornáil. *Is géarr a' chaint a bhí ann nuair a thosa siad a' pumbáil a chéile* 24. . . *is beag bideach nach ndeacha siad a' pumpáil a chéile* 24 tine.

puana *b.* Beart áirithe arúir. *Bhí sé ina Chath na b~ eatrab* 20, bhí sé ina throid mhór eatarthu. *Tháinig an phunann is an lucht orm* 20, tháinig go leor oibre éagsúla orm le chéile.

punt *f.* ~ *bean tí* 32, cloch a mbeadh punt meáchain inti a mbíodh éadach casta uirthi is a bhíodh mar dheis mheáchain ag mná tí.

pus *f.* Béal. 1. ~ *mór*. *Tugtar ' ~ mór' ar fhear nó bean a bhfuil siocair fhánach ar bith in an iad a chuir a' breanu muisgiúil* 24. *Tá sé a' fáil neart fuiscí faon b~ anois, ní air mhatha leis ach ag iarra an infón a bhru air* 24 neart, . . . neart fuisce le n-ól . . . *Hug sé fuiscí faon b~ dhaof* 24 tabhair. 2. ~ *muice* 20, béal a bhfuil an drad uachtair níos faide amach ná an drad íochtair. *Meas tú an ~ muice bheach air an uan sin?* 24. *Níl aon loes ar an ~ muice, beirtear a' t-annó sin leis an uan* 24.

pusach *aid.* Stucach, stodamach. *Ní bhíonn mórán fuinn i bhfeirm í tá an-phasach lena chéile* 24. *Nach ~ a' mhaise dhó é air maidín, ní fíú leis louirt le na daoine* 24. *Réis go bhfuil sé a' breanu an-phasach agus ar bheagán le rá* 24.

pusachán *f.* Duine dochaideartha, seachantach. *Á dtagadh dream nú daoine 'na gcónaithe i mbaile . . . gan iad a' buala ladar a' bith hareis sin i muin-tir a' bhaile ná 'na ng[n]otha, 'siad na pusacháin iad' a deirtear* 24. *B'iad na pusacháin iad, smíd ní ra as a bpluic feadh na h-óí* 24.

pusaíl *b.* Pusaíreacht 24.

putach *f.* Buachaill óg idir timpeall cúig is ocht mbliana d'aois 20. ~ *raithní* 20, mac súirí. *Céard tá fós ionat ach ~ na gcloch!* 20, . . . páiste a bheadh fós ag diúl na ciche.

putáil *a. br.* Útamáil mhístuama. *Céardós ~ atá ansin ort?* 20. *Nach iontach an phutáil a bhíos ort* 20.

putháil *a. br.* 1. *Tá an simléaraí ag ~ anuas* 19, . . . ag cur anuas deataí. 2. *Bhí sé ag ~ le oic* 19, bhí saothar ann le teann feirge.

puthóid *b.* Léas. *Féach mo lámha le puthóideachaí*

ag an scala a fuair mé ó neantógai 24 scalladh. Ffr. púthóig.

púthóig b. Léas. Seachain a liceá an phúthóig, is éascaí a chreascó sí mar tá sí 24. Dó neantóige is cionntach leis na púthógaí tá air mo lámha 24. Ní bhuaíl aon anó ariabh fúí cho mór le púthógaí air do thóin 24, . . . 'piles . . .'.

putóg b. 1. Coinnigh i do phutógaí é 20, ná hinis (dúinn) é. 2. Tá mo phutógaí ag ithe a chéile le ocras 24. Bhí mo phutógaí thiar ar mo chaoldroim leis an ocras 20. 3. Tá mo phutógaí ag troid 20, tá siad ag giúnaíl. Shílfeá gur bainbh atá istigh i mo

phutógaí 20, id. 4. Puiteach. Seachain go deó a' cur na scoilteóga sa talamh nuair atá an chreafóig in a putóig 24 scoilteog. 5. ~ a' dubha na Nollag, laethanta dubha aimsir na Nollag. Chuimreá air phutógaí dubha na Nodhlac leo/a 24.

putún f. 1. Soitheach na huibhe sa ghé. Tá ~ ag an ngé sin 19, tá cille fúithe a thaispeánann go bhfuil sí ar tí beirthe. 2. Dlonfaidh tú ~ anois di 20, millfidh tú í (an tine). 3. Tá do phutún d'onta 20, tá do chraipe déanta, tá tú réidh. 4. Tá ~ amach air 20, tá pluc, bolgán amach air (mála a bheith i gcruth pléasctha).

R

rá a. br. Ba mhór le ~ Aonach an Chaisil 19, bhí cáil mhór ar . . . Shílfeá gur suarach le ~ é 20, niorbh fhiú dada é.

ra. Agall iontais nó ceistithe a bhíonn ag deireadh frása. 'An é seo Tom ~ ?' a deir sé 27.723. Ffr. ru.

rabairneach aid. Fairsing, scaoilte. Nuair a chonaic sé chomh liobasta is chomh ~ a bhí an t-éadach a bhí orm 27.923.

rabha /rau/ f. Babhta achrainn. Thosaigh ~ achrainn ann 20.

rabhait /raut/ b. Aistear. Is fada an ~ í 20. Thug mé an ~ sin 20.

rabhaiteáil /rauta:/ a. br. 1. Droch-íde ó thinneas, ó obair. Baineadh ~ mhór as an bhfear bocht 20. (- le obair, aistir fhada etc.) Fuair sé ~ mhór 20, . . . drochbhahtha tinnis. 2. Ag ~ i ndiaidh mná 20, ag imeacht thart ar thóir ban.

rabhaiteálaí /rauta:li:/ f. Duine a bhíonn ag rabhaiteáil thart 20.

rabhandar f. Duine nó ainmhi beag ramhar. Tá sí ina ~ le feoil 20. Rabhandairín 20, bean bheag ramhar.

rabharta f. Taoide a thagann le lán gealaí is le gealach nua. Ag coimhlint leis an trá ~ atá tú! 20 - focal a déarfai le duine a d'imeodh uait faoi dheifir.

ra(bh) babhns /'ra'bauns/ 19, 20, /'rau'bauns/ 19. 1. Spraio callánach spleodrach. Bhí sé ina ~ 20. Damhsa agus ~ 20. 2. Achrann. Bhí sé ina ~ eatrab 19.

rabhlar f. 1. Cineál seaicéid a chaitheadh fir óga gan pósadh. . . . rouler agus veist bhréidín a bhí na fir óg a chathadh . . . ní raibh scoilte ná cnaipe sa rouler 27.145. 2. Cáicín beag a dhíontaí Oíche Fhéil Muire 19. Rabhlars bheaga 19.

rabhnáilteacht b. Cállocht an ruda rabhnáilte. Is mór an ní an ~ 20.

rabhnálann. Rabhlálann 20.

rabhráilte aid. Rabhnáilte 20.

rabhrnáilte aid. Rabhnáilte, cruinn. Clocha beaga deas rounnáilte 27.190. Maidí rounnáilte gan aon téagar a bhíodh sna taobháin a bhíodh orthu 27.1316. . . . cho rounnáilte le rotha carr asail 24 aithrí.

rabhrnálann. Rollann. Gurb é Réamon a Charéara a rounnáil le na ghró anoir as sin go dtí an Mhainistir iad 27.768. Rounnáil sé na páipéir ina chéile 24.

Rounnála sé na clocha as a' mbealach 24. Spóirt mhór bhíonnas go putaf a' rounnáil anuas go chrocán 24. . . . meireach go sgiopa is a rugú air is géarr go mbeach sé rounnáilte 'mach san ouin 24 glan. Rounnáil sí [leathchoróin] anáil go fada le mo dhuine . . . 24 focaíocht.

rábún f. 1. Fear mór láidir. Sé an ~ fir anois é 24A. Dhá ~ diabhailta a bhí ionntu agus a gcuid maidí acu, ach dhá ~ intinniúil a bhí in mbeirt Mhionlai freisin 24 Gleann Ghort an Airgid. 2. Breac mór, eascann mhór 24A.

raca f. ~ féir 20. ~ ceilpe 19. ~ capaill 20. ~ cúil 19, 20, cior chruinn ghruaige. ~ cloichíní 19, cior a mbíodh cloichíní geala inti.

raca f. 1. Fad sínte láimhe. Is mó an ~ tá a'tsa ná a'msa 20. 2. Tá ~ faoi 20, fear mór fada é.

racadóireacht a. br. Bualadh, troid. Ag ~ a chéile 20. Bhídís ag ~ le chéile 20, ag troid le chéile.

racaid /rakid/. 'Stock' (bláth). Na racaids 19. (Brl. 'rocket').

racáilte. Sínte amach níos faide ná an cille. ~ siar 19, (deireadh an bháid) sínte siar.

racálann. Ciorann. Chior sí agus racáil sí a cloigeann 20. Ar racáil tú í? 20.

racann. Buailéann, troideann. Ag ~ a chéile chuile lá sa mbliain 19. . . . go racfaidh sib a chéile 19.

racás /ruka:s/ f. 1. Racán. B'fhrusta an ~ a tharraingt eatru mar bhí siad goinnte ag a chéile le fada 24. Mulach a' racáis cé thiucfadh ach a' sagart 24. 2. Ina ~, faoi lán seoil. . . . agus an aicid in a rucás 24 galar dubh. 'Bhí an coga mór in a racas san am' 24.

rachlaiseachaí (iol.) ~ (éadaigh), sean-éadaí 19. Bheadh an oiread ~ orm 19.

rachmall f. 1. Eachmairt (ar asal). Bhí ~ orthab 20. 2. Ina ~, go rafar. Nuair a bhí na Blacaí na rachmal i Mionloch fadó 24 báire. Bhí dochtúr Shasana na reachmal 24 min choirce, bhí ag éirí go maith le dochtúr Sh. agus é saibhir. Bhí sé 'na rachtmal tamal fada nó gur iompa an rotha agus a' leá woe bhí chuile nídh os sin amach 27.301.

rachmallach *aid.* Saibhir. . . . *bhí sé comhartha chuif am go mbu rachmataí go mór í ná an taobh eile* 27.696.

rachmas *f.* Eachmairt. *Tá sé ina ~ orthab* [ar asail] 20.

racht *b.* 1. Taom. ~ *mhór gháirí* 20. 2. *Bhí sé sna rachta bochtá* 20, bhí droch-chaoi air, le faitíos nó tinneas. *D'imigh sé sna rachta báis* 20, . . . agus faitíos a anama air. 3. *Ina ~ seoil*, ag dul ar aghaidh go breá, faoi lán seoil. *Tá siad siúd ina ~ seoil* 20, tá ag éirí go rafar leo. *Nuair a bhí an teach ina ~ seoil is ea d'imigh mé* 20, nuair a bhí an tabhairt amach, an chóisir faoi lán seoil. . . . *Bhí an oiche ina ~ seoil* 20, bhí an-spraoi ar siúl ag an gcóisir oiche.

rachta : **rata**.

rachtaíl *a. br.* *Le teann ~ 20*, le teann gáire.

radaire *f.* ~ *ime* 20, rolla ime.

radaireacht *a. br.* *Máilín na ~ 31*, spaga (tairbh).

radharc : **ramharc**.

radhas /rais/ (*b?*). Bean mhór ard 20.

ragáille *f.* Cloth trom báistí. *Deabhaí ar féidir go rabh tú amuigh faoin ~ sin* 20. *Shílfeá go ligfeá thart an ~ 20*.

ragairne *f.* Tuirse is tinneas de thoradh easpa codlata. (Ní gá go mba cúrsaí spraoi é. D'fhéad-fadh sé gur toradh air aire a thabhairt d'othar, etc.). *Tá mé an-dona le ~ 19*. *Beidh ~ lá arna mháireach ort* 19.

ragairneach *aid.* Tuirseach de bharr easpa codlata 19.

ragús *f.* 1. Fonn combriachtana. *Tá ~ ban aríst air* 19, tá sé (seanduine) ag cur speis sna mná arís. *Tá ~ fear ag tíocht uirthi* 19. 2. Fonn spraoi. *Bhí ~ orthab ag imeacht* 20. 3. Dóirteadh báistí. *Níor tháinig ~ ar bith báisteach air go raibh sé ina thráhnóna* 20.

raibéad, raibéad *f.* Cloch mhór. . . . *na raibéid chloiche a cathú isteach sa gceap phlandaí* 24 follasach. *Chaith sé raibéad mór liom* 24. *Thit raibéad amach as an mbearna* 20.

raibhéar *f.* 1. Réimse mór talún. *Féach an raimhéar go thala mhaith atá aige* 24. *Is beag a' mhaith go minic raimhéar talamh móna nó creige, laighead a bhfuil go bhuntáiste orthu* 24. 2. Cead inir. *Bhfuil a' raimhéar ar fad aig na beithí air a' talamh garbh* 24. 3. Ruta, ceantar. *Níor bh'as a Spidéal í ach díit éigin hart air a raimhéar ab ea í* 27.1115. *Bean go Mhuintir Chearra as Tóna Brucaí no hart sa ~ sin a fuair é* 27.1068.

raibiléara *f.* Duine taghdach, duine mioscaiseach 20.

raibiteáil /rab'íta:l'/. 'Rabbit' 20. *Doras raibiteáilte* 20. *Cláracháí raibiteáilte* 20.

raideog *b.* Raiteog 31.

ráig *b.* 1. Babhta caoineacháin. *Shlaoín sé star go léim agus bhí chaon ~ as* 24 *crostóir*. 2. Cloth trom. *Ag caitheamh ráigeannaí* 20. *Tá intinn an pháiste mar a bheadh ~ bháistí* 19 (le luaineacht). **raighdéalach** *f.* Rídealach 20.

raillí *f.* 1. Sraith eascaíní. *Chuir tú an-~ ina dhiaidh* 20. 2. Sraith buillí. *Buail ~ eile uirthi* 20.

ráille *f.* Bóthar iarainn. *An t-am a ra an ráille ré . . . bhí faire air a lá rachach a' chéad traen siar* 24 traen.

railliúnach *f.* Fear mór cnámhach 20.

raílse (*?*). Fál buaile, garraí beag fála in aice an tí a gcuirfí na beithigh ann san oiche 19. *Cuir na beithigh isteach sa ~ 19*.

raimeáil *a. br.* Raiméis. *Cén sórt ~ é sin ort!* 19. ~ *chainte* 19.

raimse *f.* Réimse, píosa mór fada. *'Meastu' a deir fear go minic 'a raibh a leithid go ~ creige in aon díit eile sa tír?' 27.1430. Tugtar '~' freisin air phíosa mór go chlaí a thiteach* 27.1430. *Bhí ~ de chois as* 20, cos fhada as (píce).

raindeam /ran'ðəm/ *aid.* Ar mearbhall. *Bhí sé ~ liug* 19, ar strae sa gcloigeann. *Tá tú an-~ air* 19, ar strae go mór (san amhrán). *Tá tú goite ~ air* 19, . . . imithe amú (san amhrán). *D'imíodh sé ~ ar an ól* 19. *Tá go leor de na gaolta seo goite ~ orthab* 19, . . . imithe ó chuntas cruinn orthu.

raindeamáil /ran'ðəma:l'/. *a. br.* 1. Raiméis chainte. *Bhí an oiread ~ ar siúl ag Seán* 19. 2. *Ag ~ 19*, ag rámhaille trí chodladh.

raing *f.* 1. Líne daoine i ndiaidh a chéile. *Iad ag tíocht i ndiaidh a chéile ina ~ 20*. ~ *mór daoine* 20. 2. Carnáin bheaga chaola fhada. *Is breá an ~ móna é sin* 20. *Rinne muid ~ eannaí dhi* 20 [guigíní i ndiaidh a chéile].

raingiléad *f.* Duine gan bheos gan bhrí 20.

raingléaíl *a. br.* Raingléireacht, máingeáil. *Imigh leat anois agus ná bí ag ~ 20*.

raintí bó habhs /'ran'ti: bo: 'haus/. *Bhí sé [an áit] ina ~ 20*, bhí sé ina sclíúchas le hachrann nó le spóirt.

raip *b.* Bean chantalach dhrochmhúinte 20. ~ *bhradach* 20. *Nach í an ~ í* 20.

rais(e) *b.* Rois chainte gan mórán céille. *Rais Bhéarla* 24. *Raiseannaí aisteach* 19. *Ag cur raiseannaí dhó* 20. *Chuireadh siad a raise céana aríst astu* 27.64. . . . *nuair a chuireadh sén raise sin as* 27.675.

raiseáil *a. br.* Caint líofa sheafóideach 20. *Ag ~ chainte* 19. *Bionn sé ag ~ leis féin* 20. *Thosaigh mé féin ag ~ 29*.

raiseálaí *f.* Cainteoir líofa sheafóideach 20.

raíte *aid. bhr.* *Bhí sé ~ go mba as Conamara iad* 20, deirte go coitianta go . . . *Tá sé ~ leis* 20, deirtear é ina thaobh.

raiteog : **raideog**.

railleálann /rat'á:lən/ *f.* Díbríonn. *Raitleáilfaí síos go híoctar tíre muid* 20. *Bhí muid á railleáil anonn is anall* 20. 2. Déanann gleo. *Céardós railleáil an deabháil é sin oraibh?* 20.

rálach *b.* Bó bhradach. *An tsean-rálach bhradach* 20.

ralaí *f.* 1. ~ *mná*, bean chantalach dhoicheallach 19. 2. Fear maith ag mealladh ban 19.

ramaire *f.* 1. Stócach, buachaill fásta. *Iad suas na ramairí móra in an bhe a' cúirtéaracht agus cótaí oru* 24 *fuálann*. 2. Duine mór leisciúil. *Fear a rá leis a' bhfear eile éirí agus gan a bhe chomh leisciúil sin agus chaon ~ acu ionann greama gon stól* 27.762.

ramatar /,ra'matar/ *f.* Fústar, tramlam. ~ mór 20. *Bhí sé ina ~ 20.*
rámhailtí *a. br.* Rámhaille 19. *Ag brionglóidí is ag ~ 20.*
ramhar *aid.* Chomh ~ le muc, . . . le búistéara 19. *Chomh ~ le mála cruithneacht ag goil ag muileann 19.*
ramharc /raurk/ *f.* Radharc. *Bhí a rourc a cuir eiri 27.329. . . . bhí fad do rourc le feiceáil agut 27.254. Scar a rourc le eagla 24 oiread.* (Meascán idir radharc agus amharc).
ramhrú *a. br.* Chuaiigh ~ ann 19, d'éirigh sé níos tibhe agus níos lú (de bharr niocháin).
rampúch *a. br.* 1. Obair chrua dheifreach. *Ag imeacht ag ~ ó mhaidín go fúin 20. 2. Pramsáil. Bhí sí [capall] ag ~ ag imeacht 20. 3. ~ a bhaint as 20, (i) obair chrua a bhaint as; (ii) é a dhíbirt.*
ramsáil *a. br.* 1. Pramsáil. *'Is iomai spóirt agus ~ bhíoch hart air na toim choul fad is bhíoch na crathana dhá mbaint' 24 cna. 2. Ransú. Ná bí ag ~ an tí 19. Cén sórt ~ é sin ort! 19.*
ramsáil *b.* Útamálaí oibre 24A.
rang : raing.
rangadaró /rangə'do:ro:/ *f.* Duine leisciúil díbheo 20. ~ nach bhfuil marbh ná beo 19.
ranntaíocht *b.* 1. Rá rannta (ní á ngabháil le ceol). *Air thóramh is mó a bhíodh siad a' ~ 27.103(a). Chaití tamall eile le scéalta agus le ~ . . . Paidreacha is mó a bhí sna ranta 27.184. Chloisinn iad dá rá fadó gur togha a bhí ann le sean- ~ 27.348. 2. Ranna filíochta. Scríobh sé sean-sgéulta agus ~ go léor síos ó'n seandream 24 bás.*
rantar *f.* Luch mhór. ~ de luch 19. *Cuain óg ag an ~ sin 19.*
rapp *f.* 1. Buille láidir. *Bhuail sé ~ ar an doras 20. Nuair a bhuaillinn rapp air a' bhfuinneog 27.110. 2. Plimp thoirní. Is géarr gur cha sé ~ agus ~ tourní 27.335. . . . nuair a spáin sé aer touirní agus ní bhfad go rabh rapp anois agus aríst len aireachtáil 27.54. 3. Babhta stoirme. . . . an dárna bliain ar éirigh ~ feóchain go hobann amach go maith sa tráthnóna 27.1516. 4. Cloch nirt. *Deir siad gurbh í Cloch a' Phúca an ~ nó an chloch neairt a bhí Fionn agus na Fianta a chaitheamh 27.505. Caithe ~ 20. Chaith sé ~ de chloich neart 20. Ag caitheamh ~ 27.1466. 5. ~ a bhaint as rud, cúis a dhéanamh le rud (dona), teacht le (rud dona). *Bhainé ~ as a seanchár fós gan é ligeann a léig 24. Is maith an ~ a bhain siad as a tseanláir, agus shiléad go ra ois mhath aici nuair a cheanna siad í 24. Dheoun caile a bich ar a' soes go bhean a fuair sé, baine sé ~ aistí . . . 24 saghas, . . . Ba suarach le rá cáca an lae sin ach b'éigeann rapp a bhaint as 27.838.*
rapadh *f.* Gála (le báisteach). *Tá ~ air, tá an ghaoth ó dheas sa bhfarraige 19. Tíocfaidh feamainn dearg anois leis an ~ seo 20.*
rapáil *a. br.* 1. Bualadh. *Ag ~ ag an doras 20. 2. Torann, gleo. Bhí ~ an tsaoil timpeall an tí inné 20. 3. Troid. Tíocfaidh ~ as 20. 4. Rapadh (*q.v.*). *Bhí an ~ ann an t-am céanna 20.****

rapar *f.* 1. Seaicéad fada scoilte taobh thiar. *Ó phósach a' fear rapur a bheach sé a chatha, agus roular go dtí sin. Bheach scoilte taobh shiar sa rapur, ní bhíodh sa roular 24 fuáilann. Dóntai te sa Samhra air a ghualainn bhíodh a' ~ caite aig chuile fhear acu . . . 27.594. ~ sciorta, froc eireaballach. *Tá na rapair sciortai bhíoch ar na seanfhir imí as a' saol ar fad anois 24 sciorta. 2. Gúna mná; cabhail, muinchillí fada, an sciorta oscailthe chun tosaigh, é inchraththa siar le go mbeadh dhá 'cireaball' de taobh thiar. *Bean rapair 20. Bhí rapairín gorm uirthi 20. 3. Cóta mór (liobarsach, caite sa mbealach). *Do shean- ~ an deabhail 20.*
rasach *aid.* Reithe ~, reithe ar leathchloch 19.
rascaill *f.* Duine neamhdhriopásach. *Nach mé an ~ nach ndearna an fear inné 19.*
raspóireacht *a. br.* Raspáil. *Thosa sé ~ annsin leiche [le scian] air a' ngamhain 24 géar.*
rasta *f.* 1. Scíth. *Díon do ~ 20. Lig do ~ 20. 2. Tamall fada cuarta. *Rastai breá cuarta 20.*
rastáil *b.* Rith ráis. *B'aisteach a' ~ bhí air na beithí inniu 24. Tá na páistí a' díona an oiread ~ chuile thránúna 24. . . . a' spóirt len a chéile a' rithe 'sa ~ 'sa léimneach 24 aireach.*
rastálann. 1. Beireann greim tobann ar. *Rastáil sé é 24. Tá sé rastáilte aige 20. 2. Beireann gearr sa chaint ar. *Tá chuile fhocal rastáilte aige 20.*
rastóir *f.* Rásaí. *Cé mhéad ~ a bhí le bheith ann? 24.*
rásúr *f.* ~ láimhe 20, rásúr mór 'oscalte'.
rata *f.* Rachta. 1. Rud mór. ~ de bhuidéal fuisce 20. ~ mór aráin 20, píosa mór. *D'ith sé ~ 20, píosa mór aráin. 2. Duine mór. ~ d'fhear 20. *Beidh ~ de bhean aige 20. 3. Tá sé le ~ 20, tá sé os cionn cláir á thóramh. 4. An raibh sí fhéin ag tabhairt rataí isteach aréir nuair a chuaigh tú abhaile? 19, an raibh sí ina codladh . . .*
ratalach *f.* agus *b.* 1. Rud gan mhaith. ~ feamainne, ~ féir, ~ móna 19. 2. Gaoth láidir. ~ ghaoithe 19. ~ ghaoth anois is triomach 19.
rath *f.* 1. ~ a cheirde air! 20, go raibh drochthoradh ar a chuid drochoibre. ~ na raithní críon ort 20 - eascaine mhagúil. ~ na raithní ort [ar] nós a chuir an t-easpag ar na Máilligh! 20 - eascaine. ~ na mallacht ort 24 - eascaine. 2. *A ~ a bhaint de. (a) É a mhealladh, é a chur ó aon ghnó tairbheach a dhéanamh. *Fiach a bhain a ~ dó. Ní raibh sórt géim ar bith eile is mó a bhí a' goil síos leis ná í 27.1147. Sé band Pháistí na Monks a bhí a' baint a ~ dhúin 27.436. (b) Mearbhall a chur air. *'Níl tada a baint mo ra dhom' deir fear liom a' lá faoi dheire, 'ach cén fá air thairng na caiple . . . an oiread sin cainnte' 27.1147. (c) É a bhaint as a ~, é a chur trína chéile, mearbhall a chur air. *Tá mé baintí as mo ~ ag muintir a' tí sin, an t-imeacht atá faofa 24 baint. Sé mireacht a' chú tá a' bainnt mo ra dhom 24 cú. 3. *A, go [de] ~. Ní dhíonfainn aon ghabha a rath 20, ní dhéanfainn aon ghabha maith. Ní raibh mórán fonn air a ghoil ar scoil a ~ 20, ní raibh fonn mór air . . . Ní ra mórán gon ~ cean-nacht air chaoire 24. 4. Airgead ratha. 'Seo é anois***********

d'airgead ratha duit' a deir sé le Tim, a' tabhairt trí pingine ruadh dó 27.1089. 'Luck penny' a d'airridh mé dá rá air an mbaile agus na bailteacha hart chomh maith . . . Aon fhear amháin in m'am a d'airridh mé a' tabhairt 'airgead ratha' air agus é a' cuir síos dúinn air a 'luckpenny' suarach a fuair sé ó fhear ar cheanna sé boinimh woe 24 airgead.

rath a. br. Rathú. . . go raibh chuile shórt curtha leasa [leasaithe] ach Dé dá ~ anois 24. . . atá siad pósta anois Dé dá ~ 24. Is beag a' mhaith gnotha ar bith a mbuailtear láimh ann gan Dé dá ~ 24. . . air a chrann a háinig, Dé dá ~, an sloinne a choinneáil beó air a' mbaile nó sin ligeann dó éagtha 27.315.

rathúil aid. Maith, oiriúnach. Níl aon éadach ~ a'm 19.

ra veailí /,ra'v'al'i:/. Griosaíl bhuaile 20. Thug sé ~ dhom ag goil aníos an bóthar 19. Ffr. veailí.

ré- réim. Cuibheasach.

ré f. 1. Tréimhse. An ~ is fearr dá shaol 19, an tréimhse . . . 2. Glún daoine. Níorbh é mo ré-sa daoine a bhí inti 19. 3. Chuile ~ solais, go h-an-minic 20. Tá sé ann gach ~ solais 20. 4. ~ 'un aithrí, faoiseamh le linn tinnis. Tá ~ un aithrí anois aige 20. Ffr. rian aithrí sv. aithrí.

réabann. 1. Briseann, scoilteann. A' ghrian a' réabadh na gclach 24, an ghrian ag scaladh go te. 2. Ransaíonn ó chéile. . . a' réabadh do choinsias g'iarra dhona 'mach cén tsoicair a hug tú dhaof a bhe in t'aghaidh 24 aghaidh. Ag réabadh a chuid pócaí 20. 3. Labhraíonn go fuinniúil, go feargach. Tá sé thar cionn ag réabadh faoin greideamh mar sin ach níl sé ag ceapadh go bhfuil aon cheo eile ag tastáil uait 20. Ag réabadh mar gheall ar na portaigh 20. Réab sé arís ag an gceárta le S. 20, labhair sé go feargach . . .

réacha. Réidhe. Buille an ~, buille leisciúil oibre. Buille an ~ atá [ag] marbh [marú] lucht tuai inniu, gan aon stró a chuir air a' genáimh 27.1509.

réachan a. br. 1. Éirí éasca. . . ach i leaba a chéile bhí sí [an Ghaeilge] a' tfocht a' réachann daof 27.51. 2. Éascaíocht. Bhuail sé ar a' réachan dhá dhíona 24.

reacht f. Tréimhse. Sé an ~ is fearr de do shaol é 19.

réacht b. Réidhe. Mar nglaca tú an ~ leis a' gcapall ní bhaine tú ceart a' bich air ball dó 24.

ré-aithne b. Aithne réasúnta maith. . . go háiríte má tá ~ orthu 24 réluath.

réalacáin f. Ré roithleagán. Tá mé m'ampurán díonta ag na réalacáin tá go mo bhuala cho minic 24. 'Sén blogaimín a d'ól mé' a deir sé 'a chuir a' réalacáin in mo cheann' 24. . . bhuaill sé ar a' gcluais é agus chuir sé ~ in a cheann 24 chuais. Bhí sé go mo chasa hart cho mear . . . go dtainig ~ in mo chloigeann 24 casann.

réaltóg b. 1. (a) Bu mhínic ~ a' tráthnóna a bhe na hábhar cainnte ag a' seandream 24 gile. **(b)** ~ an driobaill 20, réalta an eireabaill. 2. Tá ~aí orm g'uireasa tobac 20, tá néal orm, tá spotaí os comhair air na súl agam. Tháinig ~aí i mo shúile 24. Cuirfidh mé ~aí sna súile agat 20, buaillfidh mé

thú. 3. Tá ~aí eicint inniu air siúd 20, tá sé ar seachrán ag imeacht ó áit go háit.

réama f. Ramallae. Ní aithneá har a chéile an ~ a fhágann seilimide, píca dubh ná péist in a ndé 24.

reanglach f. Duine ard cam tanaí 20.

reanglachán f. Reanglach (q.v.) 20.

reathach a. br. Rith. Ná bí ~! 19. Ag ~ aniar an bóthar 19.

ré-aois b. Aois réasúnta, meán-aois. Bhí ~ mhaith aige 24.

rébhealach f. Bealach maireachtála réasúnta maith. Réis go bhfuair sé a chiapadh a tógáil na cloinne atá ~ deas anois leis 24 ré-. Ach má bhí ~ leis agus a' cháil go ra taisce sa gcóra aige . . . 24 tanaí.

réBhéarla. Bhí ~ aige 24, bhí Béarla réasúnta aige.

rébhruíos f. Gaoth nach bhfuil an-láidir. ~ éadrom 19.

réchaitheamh f. Roinnt caithimh. Bhí ~ maith air 20.

réfhánán f. Fána réidh 20.

réfhoghlaím b. Foghlaím réasúnta. Réfhoghluim dheas air chaon n'fhear acu 24 buaileann.

réghála f. Bhí ~ maith ann ach bhí sé tirm 27.879.

reic a. br. Le ~, le spáráil. **(a)** (Cúrsaí ama) Ní raibh mórán le ~ aige 20. Níl tada le ~ a'd 19. **(b)** (Le marcanna i scrúdú) Ní raibh tada le ~ aige 19. **(c)** (Cúrsaí airgid) Ní bhíodh mórán le ~ ag an máistir scoile é fhéin 20. **(d)** Ní raibh mórán le ~ a'm is an leaba a dhíonamh 20, bhí mé tuirseach sáraithe nuair a bhain mé an leaba amach.

réic b. 1. Cailín nó bean a bheadh ligthe léi féin. Tá sí ag imeacht ina ~ 20. Nach í an ~ bhradach í 20. ~ de chailín óg. 2. Bullán nach mbainfí ach leathchloch as (á choilleadh) 20.

reiceann. 1. Feannann le caint. Reicfeadh sí é le caint 20. Reicthe ite gearrtha liobraithe aige 20. Tá mé reicthe aige 19. 2. Tuirsithe, cráite. Tá mé reicthe a'd 19, . . . tuirseach ag éisteacht leat.

réidh' aid. 1. Chomh ~ le ribín, an-éasca a dhéanamh. . . agus go bhfuil an obair a' tfocht go ré le ribín dhaof 24 mionna. 2. Réchluiseach. Tá sé [duine] cho ré le uan caorach 24. Tá sé cho ré leis an bpáiste 24.

réidh' aid. 1. Ullamh. ~ 'ready'. Píll go mhuc . . . ré 'ready' len rópa a chur eiri 27.297. 2. Ag iarraidh fáil ~ léi 20, ag iarraidh í a chur díot.

réidhe : réacha, réacht.

reidimint /redim'in't/. Choinneodh sé caint le ~ 19, bíonn sé ag síorchaint.

reigleáilte aid. 'Regular' 20.

reilig : rilleic.

réimeannaí (tol.). 1. Ceathrúna amhráin. Rinne sé cuimse go deo ~ 19. Bhí an-sean ~ aici 19. 2. Leaganacha cainte. Sean- ~ iontach cainte 19. ~ breá comhrá 19. 3. Píosaí seanchais. ~ breá seanchais 19.

réimse : raimse.

réis /re:ʃ/, /r'e:ʃ/. Tar éis 20.

reisimint : reidimint.

réiteach f. 1. Ceann an réitigh 20, duine a dhíonann réiteach ar achran (go searbhásach amháin). An

gcloiseann sib ceann an réitigh! 20 – le searbhais i dtaobh duine a bheadh ag argóint. *Tá ceann an réitigh ag tíoht!* 20. *Chaití mé aige é, de ghrá an réitigh* 20, . . . ar son an réitigh. ~ *anois!* 19, tabhair deis dom (dó, etc.). *Shf. Is mór é ceannacht an réitigh* 20, is fiú go leor saothair é . . . *Rinne sé as réiteach é* 20, rinne sé go deas cuimín é. 3. *Slat réitigh* 20, slat i seol an fhíodóra leis na snáitheanna a réiteach ó chéile. *Ffr. réachan.*

reithe, -thíocht : **rotha, -íocht.**

réitíonn. 1. Socraíonn. *Réitíodar lá le ghoil go Gaillimh* 19. 2. *An gaol a réiteach* 19, an gaol a leanacht is a scagadh. 3. *Réitíodh tae agus hóladh é* 19, rinneadh tae. 4. Déanann (stail láir). *Ar réitíodh í?* 20. *Tá sí réitithe* 20. 5. . . . *Tá sé an-réitithe* 19, tá sé [fear] an-ghléasta.

ré-'lace'. *Caipín* ~ 24, caipín lása a chaitheadh na mná fadó. *Bhíodh sé cho geal leis a' sneachta bán agus ciumhais go lása deas air hart le n-a n-éadan . . . agus bhí sé ceangailte faoi n-a smig le 'tape' den éadach céana. Cóta gibíneach dearg agus naprún seic, seál bráide agus caipín rae lace* 24 síúlacht.

réluath aid. Réasúnta luath 24A.

rémháireachtáil b. Sli bheatha réasúnta maith. *San am bu cruai a bhí an saol bhí cour-dhream ann na dhiaidh sin a rabh ~ acu* 24 ré.

rémhachair b. Eolas réasúnta. *Bhí daoine ann a raibh ~ air bhealaí prácháin freisin acu* 27.475.

rémhéid b. Méid réasúnta. *Cloch eibhir, ~ inti, a chuir sa teine dhá téamh* 24.

rémhoch aid. Réasúnta moch. *D'éirigh mé ~ ag bó a bhí i dtinneas lao* 24. *Bhí muid ~ air an aonach agus bhí an t-an-ghearra air na beithí in uair sin* 24.

ré-obair b. Obair éasca. *Níl orm anois ach ~* 19. ~ *baint mhóna ar ghuailain spealadóireacht* 19.

reochar a. br. Reo. *Ní ra air an ouin ach rothann dhá oí go bhárr a' sruth* 24 tanáí.

reoitte aid. bhr. 1. *Tá sé ~ le leisce* 19, tá sé an-leiscúil (ní féidir leis corraí). 2. Clúdaithe. *Tá sé [duine, éadach] ~ le salachar* 20.

reonn. Strompann. *Níl fear a' bith a ngoileann a' scíth cho mór air ná spealadóir, reóthann a chrámha agus bíonn sé anáil le uair a chloig ag obair aríst hal má bhogann siad 24 scíth.*

ré roilleacán. Ré roithleagán 19, 20. *Ffr. réalacán.*

réshiúil f. Siúl neamhdheifreach 19.

réshruth f. Sruth réasúnta láidir. *Bhí an t-uisce buil' árd go maith san abhain a' t-am céana agus ~ láidir ann* 24 uisce.

réthe aid. Réasúnta te. *Le huisce na bhfataí ~ a suaithi iad* 24 uisce.

rétheirim aid. Réasúnta tirim 20.

ré-uair b. Uair réasúnta maith. *Má d'éire ~ leis a móin ó bainú í . . .* 24 Lúnasa.

ré-réim. threise a chuirtear le aid. nó le ain. Is féidir é a dhúbailt, e.g. *rí-rí-bheagán* 19.

rí' f. 1. *Ba é ~ an fhir é* 20, ba fhear an-fhial é. 2. *A ~ na cruinne gile!* 20. *A ~ gheal na nGrást!* 20 – agailt impiocha. 3. ~ *beag. Bhí sé cho iúmarach le ~ beag nuair hug a' bhean isteach dhó le pósa*

24 iúmarach. 4. ~ an uabhair 20, an deabhal. 5. ~ *nó haon, duine rí-annamh. ~ nó haon atá 'siúl* 24 paidir, fíorchorrduine atá ag siúl. ~ *nó haon a shretheanns na deich is ceithre fichid* 24. ~ *no haon atá a' baint arúir le corrán anois* 24 bainneann. . . . *ní rabh an breithiúnas crua sin a' goil ach ar ~ nó haon* 24 aithrí. 6. *Mar deireach na sean ndaoine 'is deacair a rá cén ~ a bheadh ar Éire nuair a thiucadh sé cothrom na h-amaid' 27.771. . . . feabar cén ~ a bheidheas ar Éire nuair a brisfor ríst é* 24 cuireann . . . cibé cén uair amach anseo a . . . 7. *Ní imreodh ~ na méaracán air* 20, is duine fiorghlich é.

rí' f. *Ní bhfuair mise oiread na rí ruaidhe /rɪ: ruəi/ dhe* 19, . . . pisin beag ar bith. *Deabhal blas a thug sé dhom ach oiread na rí ruaidhe* 19, . . . ach fíorbheagán. *Dhiún oiread na rí ruaidhe ann [i ngasúr]* 19. *Tá sé [lao] sách folláin ach níl oiread na rí ruaidhe ann* 19.

riabhach. Diabhal. *Tá an ~ ort!* 19. *Bíodh an ~ aige* 19. *Thug sé an ~ le n-iche dhaof* 24, thug sé an-íde béil dóibh. *'A riabha!* a deir sé 'níor ghéul mé riamh dóibh [miola géabha] ag ól deoch, mo shuíle a dhuineadh agus iad a shlogadh siar' 27.1473.

riadaire f. Duine a bhfuil go leor caint aige, duine atá ina cheann spraoi ag cóisir 20.

riail b. *Chuaigh sí sa ~* 20, . . . sna mná rialta.

rian'. Bealach taistil aitheanta ag bád amach i lár na farraige 32.

rian' f. Meabhair, foghlaim, eolas. *Bhí ~ mór acub* 32. *Tá ~ air sin* 20. *An-~ ina chloigeann* 19. *Ní raibh aon ~ ina chuid cainte* 19.

rianaf f. Fear eolais is seanchais 20. ~ *mór é* 33.

rianúil aid. Eolach, meabhrach. *Fear ~ a bhí ann* 32. *Bhí sé ~ tiscineach* 32.

riar' a. br. Fear ~ *capaill* 31, dochtúr capall.

riar' f. Cuid (maith). *Bhí ~ daoine ann* 20, cuid mhaith daoine.

riaraíonn. *Riaró sé le maide thú mar bhfana tú socair* 24, smachtóidh sé . . .

ribe f. 1. ~ *Muire* 19, ribe láidir gruaige ar smig (mná). ~ *casta* 19, ribe ar mhullach an chinn. (Casadh ann. I gceist le leigheas ar an síle síáin). 2. *Ba deacair ~ a bhaint as* 20, bhí sé coilgneach cantalach. 3. ~ *an tseabhráin* 20, ribe áirithe i ngabhal mná.

ribeach aid. 1. Snáithíneach. *Bhí sí [móin] roighin ~ go maith air chuid de na portai a d'fhág ann-dobhainte [i].* 2. Mímhúinte, cantalach. . . . *bu bhé héin a bhí ~, . . .* 24 camsá beirín. 3. *Cruithneacht ~* 20, cruithneacht cholgach.

ribin f. 1. ~ *ré, duine lách réchúiseach. . . . aon séipéal i mbeadh ~ ré ann ag éisteacht* 27.266. *Shleouna chuile shórtí hart na dhia sin mar a ~ síoda 24 díolann, . . . gan aon deacracht ná achrann.*

ribhíleis b. 1. Cineál féir a fhasann tríd an arúir 20. 2. Coirce beag meata. *Tá sé lán le coirce ~* 20. *D'éirigh an ~ i mbarr an uisce* 20.

richaimiléara f. Caimiléir an-dona 20.

ríchuma *aid.* . . . *is ~ linn a' bóthar a dhíona . . .*

24 *goilleann*, *is cuma sa tubaiste linn . . .*

ridéalach : **raighdéalach.**

ridhona *aid.* An-dona 20.

ridire : **rudaire.**

rif *f.* 1. Speidhear chun imeachta thart 20. *Buailleann ~ eannaí iad* 20. 2. *Ionsaí. Thug sé ~ faoi* 20. 3. *Geábh. Ag tabhairt ~ siar* 32.

rifeáil *a. br.* Tarraingt doruithe is á scaoileadh arís (ag iarraidh crúdaí) 19.

rífis *f.* Teach an-mhór. *Is deabhláí an ~ de theach é* 20. ~ *mór millteach a bhí ann* 20. (< 'Refuge' a bhí sa Spidéal).

rigeist /ri'g'ejt/. *I ~, i gceist go mór. Lá Fhéil Páruic an chéad fhéile a bhí a' ~ ansin* 24 féile. *Níl nídh air bith is mó atá a' regist inniu ná an ola* 24 *ola. Gur bshí [gurb í] an iomaire a bhí an regeist ar fad* 24 *saothraíonn. . . bhí focal ag imeacht ins na páipéir a bhí a' ~ an-mhór* 24 *cialú. 2. Á iarraidh go coitianta. Iasc ar fad a bhí i ~* 24 *scadán. Ffr. rucust.*

righín, -ghneadas, -ghneadóir, -ghníonn : **roighín**, etc.

righlan. Ríshoiléir. *Tás agat go ~ an lá a hug mé an t-airgead duit . . .* 24 *glan. Bhí fhios agut go ~ nach mbu rud dhuit putach cho beag leis sin a chuir i ndiaidh na mbeithí* 24 *glan.*

rigléailte *aid.* 1. *Teach ~* 20, *teach atá feistithe go maith le troscán, etc. ~ amach le chuile shórt* 20. 2. *Reigléailte (q.v.).*

rílasadh. An-lasadh, an-teas. *Ar ~, an-te. Bhí sé air rílasa a gcatha na h-oi, b'fhrust' aithne dhom go ra sé an-tínn* 24. *Tá mo chosa air rílasa ins na bróga* 24.

rilleach *f.* Duine a bhíonn ag rilleadh cainte. *Nach í an ~ í* 20.

rilleára *f.* Rilleán 24A.

rillie *b.* Reilig 20. *Geata na rillie* 20.

rilt *a. br.* Rilleadh. *A' roilt eorna* 24 *páiste. Agus ina dhiaidh sin an roithleán lena roilt* 27.1482.

ríméadach *aid.* Sásta agus bródúil. 1. *Chomh ~ leis an gcuach* 20. 2. *Duine ~ é* 20, *bródúil as féin, agus pointeáilte gléasta dá réir.*

rímhaire *br.* *Go maire tú is go ~ tú é* 19.

rímhaith *aid.* An-mhaith 20.

rí-oibríoch *f.* Oibrí an-mhaith 20.

rince *f.* Casadh thart go tapa. 1. *Chuir sé ag ~ san uisce é* 20. 2. ~ *maolach. Cuire mé [ag] rinne maolach le buile thú* 24, *cuirfidh mé ag casadh san aer thú . . . Séard é 'an ~ maolach' an dul hart a dhéanfhá réis leigide mhór a fháil air a leiceann* 27.1437. 2. ~ *dhá chut, spás an-bheag. Ní ra rinne dhá chut i gcuide go na giodáiní takúna bhí aig go leór go na sean-ndaoine . . .* 24 *talamh. Bhíos [bhí a fhios] agam fear nach ra aige ach ~ dhá chut go gharraí . . .* 24.

rinn *b.* *Tá sé clúdaithe ó sháil go ~* 20, . . . ó bhun go barr.

ríocht *b.* 1. *Tír. Is é is fearr sna trí ríochta* 19, . . . ar bith. *Ríochtín* 20, *tírín bheag. Sna ríochtaí eile* 20, *sna tíortha eile. 2. Níl rath ná ~ air* 20, *tá sé*

beo bocht. 3. Níl a fhios agam faoin ~ 20, . . . *faoin domhan. Níl a fhios agam faoi ~ an domhain* 20, *id.*

ríocht /r'oxd/ /roxd/. 1. *Mo (etc.) ~ /r'oxt/.* (a) *As mo ~, as mo neart. D'fhiach mé as mo ~ leis is chinn sé orm* 20. (b) *Níl do ~ in ann é a dhíonamh* 20, *níl do dhícheall . . .* (c) *As a ~ a rinne sé orm é* 20, *d'aon ghnó . . .* 2. ~ *a chur ar.* (a) *Iallach a chur air. Cuirfidh mise ~ air go n-imeoidh sé* 20. (b) *Cuirfidh mise ~ ort, a ríofnigh!* 20, *múinfidh mé ceacht duit . . .* (ríocht nach ndéanfaidh tú arís é).

3. *I ~, in ann. Ní raibh an lá i ~ aon obair a dhíonamh* 32, *sách maith le go bhféadfaí . . .* 4. *I ~ is go (nach) /r'oxsga/ /roxsga/ /rosga/ /rosga/. Chuaigh sé síos an-mhoch ar maidin i rioch's /r'oxs/ go mbeadh na málaí líonta aige* 20. *Cuirfidh mise caoi air roch's nach gcorróidh sé* 20. *Labhair mé go righín réidh leis ros go dtigfeadh sé mé* 20. **ríonn.** *Leanann go cruca ag margáil. Ar righ sé go mór thú?* 20, *an raibh sé an-daor leat (is tú ag ceannach uaidh). M'anam go raibh sé in an duine a ríochan sách maith* 20.

rip *b.* Maistín mná, bean achrannach. ~ *bhradach* 20. *Shíl mé nach ~ a bhí in Sean-Bhaib* 20.

ríphota *f.* Pota taisce gliomach 19.

ripleach *b.* Rip (*q.v.*). *Nach í an ~ !?* 20.

rishásta *aid.* An-sásta ar fad 20.

ríste *f.* Capall righín drogallach 20.

rísteáil *a. br.* Rísteoireacht (*q.v.*). *Ag ~ ar stóla* 19.

Níl siad sách ag ~ 19. *Ag ~ ar bhóithrí* 19.

rísteálach *f.* Ríste, leisceoir 20.

rísteálaí *f.* Leisceoir 20.

rísteoir *f.* Leisceoir 19.

rísteoireacht *a. br.* Leisceoireacht 19.

rite' *aid. bhr.* 1. *Tá mé ~* 20, *tá mo dhóthain ite agam. 2. Súile ~* 20, *bolgshúile. 3. Fear huath láidir ~ fáiscithe* 20, . . . *roinnt ramhar, néata. Níorbh íona ar bith an abairt 'atá sé chomh ~ le mála arúir' a bheith i mbéul na ndaoine* 27.1483.

rite' *aid. bhr.* *Ní fhaca mé aon fhear ariomh atá rítt síos cho mór leis* 24 *rith, . . . atá imithe chun míshláinte.*

rite reait. Ríte raite. *Léim ~* 19, *léim a bhfuil ligean reatha roimpi. Chuaigh sé de ~ ar an gclaidhe* 20.

rite reas. Ríte raite 20.

rith /rix/ /ru/ *f.* 1. *Chuireadh sén ~ orm* 27.265, *dhíbreodh sé mé. 2. Rith 'un cladaigh a fuair sí siúd* 19, *briseadh í [bád] ar an gcladach. 3. Tá ~ a thóna is a chinn leis* 19, *tá sé imithe ó smacht. 4. Dul chun síl. Ní fhaca mé aon ~ cho mór á dhíona ag plandaí* 24. 5. *Tá sé ina ~ seoil* 20, *tá ag éirí go maith leis sa saol. 6. Máilín a raibh sriogán reatha air a bhéul* 27.1116, . . . *sreangán a dhúinfeadh an mála ach é a tharraingt.*

rítheacht *a. br.* Rith. *Níor rinne sé ach ~ air* 20, . . . *ach é [gortghlanadh] a dhéanamh go deifreach neamh-chríochnúil. Ffr. reathach.*

ritheann. 1. *Fear atá ag rith go maith* 20, . . . a bhfuil ag éirí go maith leis. 2. *Sileann angadh. Chaith an dochtúr bhfad go mo loes air chois bhí a' ríthe* 24. 3. *Imíonn chun síl. Níl aon cheann*

amháin nach rith, go dhó nó thrí bhearta plandaí 24. Deoul hiomantat ceann ann . . . nach bhfuil rith 24. Planda a bheadh rite 20. 4. Téann chun tosaigh mar iarrthóir. S.-T. an Tory agus S. a' Nationalist a bhí a' rithe. Ní raibh election is mó ar fhan caint air ná an ceann a raibh M. agus L. a rithe air 27.168. Cé a bhí ag rith ina aghaidh? 20. 5. Ag rith aoil 20, ag criathrú aoil. 6. ~ seans, contúirt, téann sa seans, sa chontúirt. Níl baol a bith go bhfuil tad óg a goil a rithe an seans a chloigeann a bhrú faon uisce . . . Ritheach fadó . . . 24 Deireadh Fómhair. . . i dteannta an chontúirt a bhí muid a rithe a goil treasna in mbóithre móra 27.237. 7. Rith sé gearr in airgead 20, tháinig ganntan airgid air. 8. ~ amach. (a) Is gearr a bhonn an saol ag rith amach 19, . . . á chaitheamh. (b) Rith amach na cártaí sin 20, roinn amach iad. 9. ~ ar. (a) Téann chun go tapa. Na leoin ag rith ar an solas 19, . . . ag déanamh ar . . . (b) Ag rith ar obair 20, ag oibriú go deifreach is go míchriochnúl. (c) Tagann go flúirseach chuig, titeann ar. Tá an oiread airgid a' rithe air mhuintir a' tí sin, is nach mbeach fhios agut ceoil siad a' fáil áit dhó 24. 'Cén t-íona' a deir fear 'iad a bheith ag imeacht sna cearca fraoi, féach na mealltracha airgid atá a' rithe oru bog' 24. Tá chuile dhuine 'na theach a' saothrú agus a' t-airgead a' rith oru 24 saothratonn. 10. ~ faoi. (a) Ionsaíonn sna cosa. Is géarr a bhí an fear seo a' rithe faoi agus a cuir a dhá chois an áirde 24. (b) Is minic a rith sé faoi m'intinn 19, is minic a smaoinigh mé air. 11. ~ i, tá sa dúchas ag. Deoul neart agam air . . . bhí an braon sin a' rith ionnum nuair a baintí ró-mhór 24. Ní aon mhath a' clousán . . . bhí sí (an eitinn) a' rith ionnain ariabh 24. Bhí an bhúistéaracht a rithe ionntu 27.798. Ní as leabhar ná fóghluim a fuair sén mheabhair ach é a bhe a' rithe ann 27.925. 12. ~ isteach. (a) Tagann le imeacht ama. Ní aireó mé an t-am a' rithe isteach . . . sgá trí nó ceathair go mhítt eile 24. Nuair a bheidheas a' mhí seo 'múi, ní aireó an Geimre a' rithe isteach 24. Ní aireó an Soura a' rithe isteach anois 24 airíonn. (b) Tá sé ag rith isteach a bheith chomh maith leis 20, tá sé ag teacht chun . . . 13. ~ le. (a) Téann le chun cúplála. D'ime roinnt go na caoire seasc orm réis go ra an reithe a' rithe leof gatha an tséasúir 24. Bíonn tarbh aig a' bhfear sin i gcónaí a' rithe leofa [budóga óga] agus sin é a thuganns dó ceann anlaoi a bheith go minic l'oe an aonai aige 24. (b) Síneann le. Chaitheach go mbeach shuas aig Gleann Ghort an Airgid dubh dorcha go maith san oí is a bhfuil go choel a' rithe le bothar ann 24. (c) Baineann le . . . cuire sé deire len a scóra focla breá Goelge a bhí a' rithe leis an obair sin 24. fódáíonn. ~ sé le ciall 32. (d) Imíonn thart le (á scaipeadh). Tá fear nua a rithe leis a' bposta anois 24. Bhí sé dona go leór aici é a ligean síos réis an fhad is a bhí sí a' góil leis gan a bhe a' rithe lena chliú freisin 24. . . má bhí sé a' rithe le rún bean ar bith 24. (e) Tá ag dul do (ach á choinneáil siar). I guide go na hobeachai bíonn seachtain pái a' rithe leis na fir

i gcónaí 24. 14. ~ suas, téann in aois. Tá sé a' rithe suas san aois anois agus tá sé a' cailé an chroí 24. Tá sé ag rith suas a bheith ina stócach mhaith 20. 15. ~ thart, imíonn thart go tapa. Ní aireó an t-am a' rithe hart go bhfógró sé é 24. Sé port chuile dhuine nuair atá sé brú isteach san aois go géarr a d'fhair sé na blianta a rithe hart 24. Ní aireó na blianta a' rithe hart ná an aois a' breith bua ort 24. 16. ~ thríd. (a) Léann go tapa. Ní rinne mé ach rithe ríd [an páipéar], ní fhaca mé barr nuaiocht suantasach a' bith ann 24. (b) Caitheann go tapa. Ní oula a bhí, rith sé ríd [an airgead] agus níor chuir sé scian isteach gur cha sán pháin deire dhó 24. (c) Eitlíonn go tapa. Dá bhfeiceáas an scéin a thaganns an [in] áit éanachai nuair a ritheannas seouc thriotha go shiolla 24.

ritsil f. 1. Capall ar leathchloch 20. 2. Reithe ar leathchloch. ~ reithe 32. Is cosúil le ~ thú ar chailfí sa Márta 19 = ?

riúlacht a. br. Rialú, i gceannas. Ag ~ ar na daoine 19. Cén cine a bhí ag ~? 19. (Níor chuala mé an focal seo ach ag aon duine amháin).

ró f. 1. Trí fhód móna as cionn a chéile á dtriomú. Róití in áiteacha eile - trí fhód as cionn a chéile 24 scaradh. 2. Lionadh farraige nó tonn fhada a mbeadh súiteán ina diaidh. Bheadh an-róití ag teacht isteach ann 19. Róití farraige 19.

ro- réim. threise bhisúil neamhaiceanta, e.g. ro-mhaith /rə 'wa/, ro-sho-ghluaste /rə 'hu,luəj'də/ 20.

ró- /ro:/ réim. threise neamhbhisúil i leaganacha síochta agus i seanfhocail. Gan líubadh agus gan róhúbadh 20. Geimhreadh rómhar Earrach ró-theirim . . . 20.

robáil a. br. 1. ~ mhara, foghail mhara. Bhíodh ~ mhara go leor dhá dhéanamh freisin 27.803. 2. Tá sí ina ~ Dhoncha 20, robáil í ag duine nár bhain aon chúig (cártaí).

robairín f. Damhsa áirithe a mbíodh 'robar' (g.v.) nó neaicín i gceist ann 20. (Neaicín póca á chur ó fhear do bhean go dtí go bhfanfadh sé ag fear, a d'fhágfaí ansin i lár an fháinne. (Stucaire freisin air).

robar f. Ceirt ghlanta nó thriomaithe sa gcistin. ~ beag 20. ~ na soithí 20.

rocach : roiceach.

rócams iol. Ruacain 19.

rógair f. ~ reatha 20, ruagaire reatha.

rogha /rau/, roghain /r'aun/. Ní raibh rogha ná roghain le díonamh eatrub 20, ba mhar a chéile iad. Thug sé dhá roghain é 20, thogh sé é.

roicín f. Roth fiaclach i seol an fhfódóra 20.

roighín. 1. Mall. Tá siad cho roen le seilimide 24. 2. Láidir, do-chaite. Éadach breá ~ é 24. Rópa breá ~ 20. 3. Do-chogainte. Chomh ~ le gad 24. Ní itear feoil duibhéin . . . deir siad go bhfuil sí chomh roighín le gad leamháin 27.1375.

roighneadas f. Righneas 20.

roighneadóir f. Moilleadóir 20.

roighníonn. Socraíonn go breá (leis an aimsir). Tá an ghaoi a' brú síos, b'fhéidir go roineóch an uair

24 brúnn. Bheadh barúil an uair sin agut go raibh an uair a goil a roighniú 27.1321. B'shin comhartha maith gon seandream go raibh an uair a' goil a' rioghní agus uair bhreá a' brú orainn 24 síormhúraíl.

roilleach : ruilleach.

roillic. Píosa ádmhaid ar an mbád a gcuirtear an crioga ann 19.

roimh' cón. Sul. Bu dhé seanbhealach a' bhaile é ~ ar déanamh [déanadh] an bóthar 27.482. Bhí sé in an snámh ~ a bhuail a' meireach é 27.18.

roimh' réamh. 1. Rabhadar bainte romhat? 20, . . . nuair a tháinig tú. Nuair nach raibh an damhsa mór roimhe 20, . . . ar siúl nuair a tháinig sé. Bhí an posta dúinte romham 20. 2. Roimhe réir, roimh ré. Deasóidh muid é roimhe réir 20. 3. Romhat amach 20, san am atá le teacht.

roinn b. (iol. ranna). 1. Níl a fhios a'm faoi sheacht ranna an domhain céard ab' fhearr 'om a dhíonamh 19. Níl a fhios a'm faoi rann[a] na réal 19. 2. Bhí sé sna ranna bochta ag gáirí 20, bhí drochchaoi air ag gáirí.

roinneann. 1. Roinn Dia a ndóthain leob 20, thug Dia a ndóthain de mhaitheas an tsaoil dóibh. 2. (Le cártai) Roinní an bun 20, (i) coinnigí an bun istigh; (ii) comhairigí an scór. 3. Céard tá á roinnt eatraibh? 20, céard tá á phlé agaibh? 4. Ní dhá roinnt leis é 20 - a déarfai tar éis tubaiste a d'éirigh do dhuine a lua. 5. Roinnfidh mise an tslat ort 20, buailfidh mé le slat thú.

roinntéalachai iol. Roinnt rudaí. Céard 'ós ~ a bhí sib a dhíonamh? 20. Nuair a bhíodh na ~ ann fadó 20.

roinnteoireacht a. br. Rannadh go mion. Tá ~ nua le ghoil air a' bhfeilm aríst 24. Rud ar bith bhfuil iomarca ~ a baint leis . . . 24. Cha sé an oi a' ~ hart air na daoine air fad 24.

rois, -each, -eálaí : rais, -áil, -álaí.

roíse. ~ faoi thír 20, dream strainséartha nach fios cé dár díobh iad. Cionál ~ faoi thír iad sin 20.

roiseadh. 1. Géarú. Cuir ~ ar an speal 20. Is gearr ó chuir muid ~ faobhair uirthi 20. Tabhair ~ don scian 20. 2. Deifir. Cédós ~ tá fút? 20. Bhí ~ siúil faoi 20.

roisín f. Roisín 19. ~ crann spríús 24 gág.

róisteach f. Róiste 24 dúan.

róistín f. Cuaille miotail mar chomhartha do bháid san abhainn. ~ Chala na gCloch, ~ Chrogán Riostaird 24.

rómháil a. br. Fánaíocht 20.

rómháireacht a. br. Rómháil (q.v.) 20.

Rómhánach f. Caitliceach Rómhánach. Réis gur ~ a bhí in Morris 'na Tory a bhí sé a rithe 27.771. . . . nuair a bhí na Blácaí na Rómhánaí 27.257.

rómhar /ro:wər/ f. Fánaí. Nach thú an ~! 20, (le garstín is mó a déarfai é).

rómhraíonn. 1. Déanann únfairt. Is iomaí uair a romhair sé é fhéin sa gclúid sin 20. Tá sé á rómhar fhéin in airgead 20, tá neart airgid aige. Tá siad [beithigh] ag rómhar i bhféar mar tá siad 20. É á rómhar fhéin is á chorraí fhéin is é á strócadh le

pian 20. 2. Cuireann in ainmhréidhe, trína chéile. Tá an leaba rómhráithe 20. Tá an tsráid rómhráithe acub 20, - clocha agus traisearlach caite ar an tsráid acu. 3. Téann thart go fuadrach. Cén sórt rómhar atá ort? 20.

ronnach f. Maicréal. Tá sé [beithíoch] 'na ~ le feoil 24. Tá sé cho ramhar le ~ 24.

ronnach aid. Ar dhath droim ronnaigh. Spéir ~ 20. Aer ~ 20.

ronnadóireacht b. Iascach ronnach 31.

rópa f. 1. Tá siad ar aon ~ amháin 20, tá siad ag comhoibriú ag gabháil den obair chéanna. Ag iarraidh é a thabhairt ar a ~ féin 20, . . . é a thabhairt ag obair leis féin. 2. Tá ~ acub istigh 20, . . . go leor (daoine) . . . ~ eascaíní 20, roiseadh eascaíní. 3. Ualach ceangailte le rópa. ~ raithní 20. 4. An ~ 19, greim áirithe sa gcniteáil. 5. . . . ach á fhada go dtí é gheou siad a' ceann trom gon ~ 24 cuireann. . . . an chuid is measa den scéal.

ropach. 1. Sinneánach. Lá ~ go leór é 24. 2. Scallóideach. Bhí sí an-rupach lena teanga 24.

ropadh f. 1. ~ feóchain, gála. Bu mhór an ~ feóchain a bhí ó mhaidín ann 24. Níor fhéad an bád cuir amach go bharr a' rupa feóchain a shéid 24. 2. Obair mhór dheifreach. Rinne siad an ~ inniu 20. Ffr. rapadh.

ropadóir f. Báirseach. Sí an rupadóir is mó í tá sa tfr air fad 24. Seachain na rupadóirí 24.

rupaireacht a. br. Liobairt chainte 20. Leithide go ~ agus go liopaireacht níor chuala mé ríomh 27.102. Bioch sí a' rupaireacht leiche anois go n-ugraí sí stopa 24. Tá an rupaireacht sin air bun aig na dá bhean sin chuile lá 24. Dhá bhean a bhí a' ~ 24 míol.

ropann. 1. Gearrann, stróiceann. Rup sé tou na málaí l'oe bratach 24. Tá an bhó rupaí siar air a taobh 24. Tá an coca féir rupaí air fad ag na beithi a bhris isteach ann 24. Tá an bóthar rupaí suas arís acu l'oe craiceann nú eile a chuir air 24. 2. Feannann. . . . le bean ná fear a bhíos a' rupadh ceart len a dteanga 24 bacach.

ropanta aid. 1. Gaofar. Oíche ~ í 19. Aimsir ~ gharbh 20. 2. Tugtha don sicolladóireacht. Bean ~ 24A. Níl aon chall dhuit a bheith comh ~ 20.

Róraí a. díl. Tá tú i do ~ mheán oíche 20 - focal a déarfai le duine a d'fhanfadh amuigh deireanach. É ag imeacht ina ~ mheán oíche 20.

ros go : riocht.

rosach aid. Garbh dorcha gar do bháisteach. Nach ~ an sórt oíche í 19. Aimsir sách ~ í 19. Tá sé ~ garbh 19.

rosamh /rə'saw/ f. Ceo éadrom teasa. ~ triomaigh 20. Tá ~ ar an ngrían 20.

rosamhach /rə'sawəx/ aid. Ceoch de bharr teasa. Bhí sé ~ ar maidín 20.

rosán creige. Garraí beag creagach rosánach. Eidir na dá gharraí . . . atá rasán creige 27.510. Dá mbeadh na dá gharraí fré chéile bheadh sása mór ionntu ach cén mhaith sin, go bharr a' rasáin creige 24.

roscadh a. br. Sruth cainte. Bíonn ~ fúithi 20.

Bionn sé ag ~ cainte 20. ~ *file* 20, *id.* *Tá ~ file cainte faoi* 19.

ros-chreig. Réite siad amach píosa mór ~ bhí ann agus chuir siad fataí in a chraiceann 24 réitíonn, . . . giodán creagach rosánach . . .

róstadh *f.* Aimsir an-te an-tirim. *Níor fhága an rósta mór sin deór an aon áit 24 deór.*

róstann. 1. Fricheann. *Ubh rostaí 20, ubh fhricheanta. Rósta mé cupla ubh leis an fheoil dhuit 24. Bruite ná rostaí atá tú á hiarraidh? 20. 2. Ní gá a rá gur i nGoelge a bhí sé a' caint, róstadh sí air a' thú 27.586, . . . Gaeilge chrua fhuinniúil. Bhí Béurla aige siúd a róstadh ar a' thú 24 dallann.*

rota *f.* Ruta, giodán, talún. *Is maith an ~ féir é 20. ~ deas talún 20. Ní ~ mór é 20 (le píosa talún a bhí le díol).*

rotann. Rodann. *Ag rotadh leób 19. Ag goil ag rotadh 19.*

rotha *f.* Roth. 1. *Ag imeacht ar rothaí an tsaol 20, ag imeacht le haer an tsaol. D'athraigh an ~ air 20, d'athraigh an t-ádh a bhí air. D'athraigh Dia an ~ air 20, id.* 2. *Tá go leor róití ina chloigeann sin 20, . . . go leor smaointe aisteacha, 'brainsi' . . .*

rotha *f.* Reithe 19.

rothaocht *b.* Reithíocht 19.

roth imleacáin : **buille.**

rothán /ra:n/ *f.* 1. Fáinne tuí ina leagtar ceirtlíní snáithe 20. 2. **Cliabh rotháin : cliabh.**

rothóireacht *b.* Fálróid. . . agus chuir sin deire le go leór gon ~ a bhí faoi chuid acu ó theach go teach a' caint eirí 24 saor báid.

ru /rə/. Agall beag iontais ag deireadh ceiste. *Nach sib atá ciúin, ~? 20. Ní féidir go bhfuil tú ag goil a chodladh fós, ~? 20.*

rua *aid.* 1. Súile ~ 19, súile donn dorcha. *'Tá sé cho ~ le sionnach' déaras duine, le féar fhánnas androch-uair dá shábháil 24. 2. Oiread na fríde ruaidhe 19, an chuid is lú ar bith.*

ruacan *f.* Na ruacne 20, na magairlí.

ruaig *b.* Buinneach. . . scaoil nó ~ a tiúraí an uair sin eirí, buinneach ar bheithíoch. *Tugtar a' ~ air a gceann a bhuaileanns a' duine freisin 24 buinneach.*

ruaille buaille : **rúille búille.**

ruainne : **rúinne.**

ruaisleachán *f.* Cineál áirithe portáin 32.

ruaitéach *f.* Duine rua 20.

rua rámhach *f.* Duine fada ríghin. ~ *de dhuine í 19. . . is do ghrá na hailpe bhí tú nuair a phós tú an ~ is d'fhág tú mise i do dhéidh 19.*

ruatharúch *f.* Ruatharach. ~ oibre 20.

rubaitis *b.* Bean dhána mhínaireach, bean choitianta. *Nach í an ~ í! 20. Rubaitseacháí baile mhóir 20.*

ruball *f.* Eireaball. ~ ríghin 24, duine a bhíonn ar deireadh i gcónaí, mall ag tosú ar a chuid oibre.

rúcam *f.* Achrann. *Ó casadh sa ~ mé 20. ~ achrainn 20. Bhí ~ mór acub 20. Cén sórt ~ a bhí eidir sib? 19.*

rucstí /rucsdí:/. Achrann. ~ achrainn 20. *Bhí sé ina ~ 20.*

rucust /rə'kust:/. *I(n) ~, faoi mheas, á iarraidh. Tá*

sé in ~ mhór 20. Bhí sé [tobar beannaithe] i ~ an-mhór 20. Ffr. rigeist.

rud' *aid.* 1. Lách, carthanach. *Tá sé an-lách an-~ 32. Tá sé nába ~ ná na chuid eile 20. 2. Ceanúil, mór le. Bhí mé an-~ leis 20. . . . bhí sé chomh ~ liom chaon am acu 27.227. 3. Onórach, mór ann féin. Bhí sé níos ~ ná an deartháir eile 20.*

rud' *f.* 1. Éirí in airde, onóir. *Ní raibh blas ~ inti 20. 2. Cás, ómós. Daoine a mbeadh an-~ agat fúthab 20. 3. Rud éigin, pointe éigin. Chuir sé ~ as dhuit 20. Tabhair ~ le n-ithe dhó 20, . . . rud éigin . . . 4. Beidh ~ ar m'aire! 20 (- le searbhas) ní hé an rud suarach a luadh a bheidh ar m'aire ach gnó níos tábhachtaí. Bhí ~ le déanamh ag Dia is gan a bheith ag breathnú ar do sheandrár ag imeacht 20. 5. ~ a'd! 20, go raibh maith agat. 6. Nach shin é an ~ 19, nach mar sin atá an saol, nach mar sin a tharlaíonn sé. 7. Bhí trí chéad ann, an ~ is lú ar bith 20, . . . ar a laghad. 8. Ach oiread le ~, d'fhéadfadh sé é sin a dhíonamh freisin 20, ach oiread le scéal (atá ar eolas ag an gcomhluadar) . . . 9. A. Tá sí go bréd. B. Tá sí ~ go dimhin! 20, níl sí go dimhin. A. Tá tae tí Dic inniu. B. Tá ~ ann!, ní chreidim go bhfuil. 10. ~ eicint. (a) Rinne sé ~ eicint oibre 20. Bhain mé ~ eicint feamainne 20. Tá ~ eicint báistí air 20. (b) (Mar dhoibh.) Fuair sé úchta, ~ eicint 20. Deir siad go bhfuair siad tae, ~ eicint 20. (c) Beagán achair. ~ eicint ó dheas de tí R. is ea a sheas sé 20. (d) ~ eicint den dá ~ 20, ceann éigin den dá rud. 11. ~ beag, de bheagán. Bhí sí ag tarraing fheamainne, ~ beag 20. É a bhrú síos, ~ beag 20. 12. Duine ar bith a chuir ~ ar bith fataí an darra bhain 20, . . . a chuir prátaí ar bith . . .*

rudaire *f.* Feirmeoir láidir, ridire. *Tá siad na rudairí ar fud na tíre anois agus i bhfuil siad fháil g'airgead ar stoc le fada 24.*

ruibh *b.* 1. Tá ~ air 20, tá sé lán le gangaid. *Bhí barr ~ e air 20, id. ~ achrainn 20. 2. Tá ~ orm leis an bhfuacht 19, tá mé préachta leis an bhfuacht. Tá ~ fuaicht ort 20. Tá ~ ar an oíche anocht 20, tá sé an-fhuar anocht.*

ruibhseach /raivʃəx/ *b.* Cailín óg an-mhór. *Gurbh í an ~ í le méid 19.*

ruibhseachán /raivʃəx:n/ *f.* Bean ard chaol gan fuinneamh 20.

ruiceach *aid.* Rocach. *Tá an aois a breith air, tá a chláirédain riceach 24.*

ruille *b.* Roide. ~ *bhuí 19, 20, slathach a fhásann ar chlocha cladaigh, i bpoill uisce, etc.*

ruilleacán *f.* Roithleagán. *Teagann ~ i mo cheann 19.*

ruilleach *f.* Roilleach 19.

rúille búille. Ruaille buaille 19.

ruilleog *b.* 'Bog-myrtle' 20. *Chóds a bheidheas ruileóg air a móin aríst 27.808, go brách. Dá mairinn go bhfásadh ruileog air a' gcreig ní dhéan-fhainn dearmad do 27.819, . . . go brách . . .*

rúinne *f.* Ruainne. 1. Beainín bheag dheas 20. *Nach í an ruinnín í 20 - le cailín beag pointeáilte. 2. (Dobh.) Beagán. ~ beag taobh thoir d'Órán Mór*

19. ~ *beag níos fuide* 19. ~ *beag bodhar* 19.
ruimjeáil /rim'ídʒa:l'/ *a. br.* Cuartú, ransú 20.
ruipleach. 'Drey murray' 31.
rúisc b. 1. Scread. *Níl am a dtug sí léim ar mo chois . . . nár chuir mé rúisc asam* 27.1380. *D'éiri a mhoncaí air Shedn faoi gur rug sí chomh géarr air agus chuir sé rúisc agus rúisc as* 27.387. *Chuir a bhean ~ aisti faoi go gcaitheadh sí a stoca a thabhairt dó* 27.952. **2.** Roiseadh cainte feargaí. *Chuir sí rúisc aisti agus bhí an oiread ráite aici . . . nach mbeadh ráite aig céad bean rith an lae* 27.1146. *Chaon ~ mionnai móra* 24A.
rúiste f. Fear mór cromshlinneánach 19. *Nach shin é an ~* 19.
ruma f. ~ *taosctha* 19, an logán sa mbád ina gcrúinníonn an t-uisce sula dtaosctar é.
rungás f. Maide a bhíonn siar faoi na seasanna sa mbád 19. *Na rungáis* 19.

rúnúil aid. Rúnmhar. *Bí ~!* 19.
rúpáil a. br. 1. Utamáil. *Ag ~ leis an tine* 19, ag corraí na tine go místuama. **2.** Obair thorannach. *D'airigh mé ~ eicint thuas ar an díleár* 20.
rúpaire f. Scian scriosta de shórt áirithe ag an gcúipéara ag snoíochan; dhá láimh air 19.
rúplach aid. Rúpach. *Tá sé ~ láidir fós* 20.
rúscadh f. Stealladh cainte. *Ní rabh fear a bith bu mhó rúsgadh mionnai móra . . . ná é 24 péist rua. . . a leithide go rúsga eascaíní nior chuala mise ríomh 24 saothraíonn.* *Ag ~ Béarla* 20.
ruta : rota.
rútaí iol. Cainteanna agóideacha. *Thosa muintir Bhárr na Crannai a cuir ~ wof go mo córa dhíobh féin talamh Mheldon a bhe acu ná aig búistéaraí as Gaille* 27.994. *Thosa an fear eile ag éiri te agus cuir ~ drothúna woe* 24 scéal.

S

s- /s/. Cuirtear *s-* le focail ag díbirt nó ag spreagadh ainmí. *S-cuir amach é!* (le mada á shaghdadh le coinín a chur as poll). *S-beir air! S-cut amach! S-lacha amach! S-cearc amach!* 20.
sábhadóir, -eacht : **sáibhéara**, -cht.
sábháilte aid. *Tá sé sin ~* 20, tá neart airgid aige sin. *sabhán : suán'*.
sabhsáilte aid. Sochorraithe chun cantail. *Duine beag ~ é sin* 19.
sabht f. Urchar. *Chaith sé ~ de chloich neart* 20. *Tabhair dhom í go gcaithfidh mé ~ dhí* 20.
sac f. Ualach trioblóide. *Níl aimhreas ar bith nach raibh ~ an anró a' luíomh go trom air chuid acu* 24. *Stop agus dúin do bhéal . . . más sin é a bhfuil gon ~ a' luíomh ort* 24 tinneas. *Iadsan nach mbíodh a' drain taoscath amach acu is orthu is mó a bhí an ~ a' lui* 27.1205. . . is orthu is mó a bhí an trioblóid ag teacht. *Agus b'fhéidir nuair nár lui an ~ orm air ní dheanna a bhfad ní ba suntasaí, scaoil mé har mo chluasa iad* 27.1499. *Níl fhios ag aon nduine ceoil a' ~ a' luíomh air dhuine eile* 24 luíonn.
sacadán f. 1. Duine mórshách 20. **2.** Beithíoch sách 20.
sacán' /suka:n/ *f.* Gamhainín beag ramhar 20.
sacán' /suka:n/ *f. 1.* ~ *sneachta* 20, 'red-wing'. **2.** 'Fieldfare'. *Tá na daoine á gcaile mar sa socáin ag a' bhfiú* 24 píoblach.
sacann. 1. *Sac faoi!* 20, imir mámh roimhe (roimh an té atá le imirt i do dhiaidh). *Is fearr dhom sacadh fút* 20, . . . mámh a chur isteach chugat. *Coinnigh sactha* 20, coinneigh ort ag tabhairt mámh. **2.** *Tá mé sactha* 20, tá mé sách.
sách aid. *Bhí sé ~ dhó* 20, bhí sé bréan de.
sacram f. Slam tuí nó féir agus mála anuas air, mar chlúdach ar mhaoil ar chliabh prátaí. ~ *a chur ar chliabh fataí* 20. *Cuirfidh muid ~ air* 20.
saeic f. Sásamh craosach ag ithe. *Beidh ~ a'inn* 20.

Is a'inne a bhí an saeic 20.
saeiléara f. Mairnéalach 20, 19.
saeiléarachta a. br. Ag obair mar shaeiléara 19.
saeinne f. Séinne 20.
sagart f. 1. . . . *mhedlífadh sé ~ a' pharáiste* 24 leiceann, . . . an duine is cliste amuigh. **2.** *Ní maith an ~ gan cléireach* 20, - focal a déarfai nuair a chuirfeadh duine aguisín oiriúnach le caint duine eile.
saghd. Taghd. *Mhara sé as soed óil é, ní fá a bith eile a bhí aige* 24.
saghdann. Saighdeann. *Bhí sé go mo shoeda go mór* 24. *Saghd faoi!* 20, sac faoi (q.v. *sacann*). *Coinnigh saghdtha!* 20, coinneigh sactha (q.v. sv. *sacann*).
saghdar f. Ceirtlís. *Bainfidh mise ~ asat* 19, díbreoidh mé thú, buailfidh mé thú. *Tá ~ á bhaint as* 20, tá obair throm á baint as.
saghdóir f. Duine a bheadh ag saighdeadh faoi dhaoine 20.
sáibhéara f. Sábhadóir 20.
sáibhéarachta a. br. Sábhadóireacht 20. *Tá sámhéarachta mhór ar chran mór darraí* 24.
saibhreas f. *Dá mbeadh ~ Rí Sheorsa a'd . . .* 19, dá mbeadh saibhreas an-mhór agat.
saibhseoireacht a. br. Saibhseáil 20.
saidheoir /saio:r'/ /saiu:r'/ **1.** Agall ag tiomáint caorach. ~, ~ *siar!* 20. **2.** *Cuir ~ sna caoirigh* 20, tiomáin iad. *Ffr. seidheoir.*
saidhcléara f. Rothaí 19.
saidheoireacht /saio:r'əxt/ *a. br.* Ag tiomáint caorach is ag glaoch 'saidheoir' leo. *Bhí sé a' ~ i ndiaidh caoirigh* 20. *Ffr. seidheoireacht.*
saightheadh a. br. Spochadh. *Tá sé ag ~ liom* 19.
saighfteáil a. br. Saighdeadh, spochadh. *Ná bí ag ~ leis!* 19.
saighfeáil a. br. Déanamh teanntáis ar. *Saifeáil ná mórtanas ar bith hairis sin ní rinne an dá mhuintir le chéile* 27.1.

saighfeáilte *aid.* An-chairdiúil, an-dlúth le chéile. *Ní raibh mórán clan mhac sa tír ba ~ 'na chéile ná iad 24 Bóthar Shuibhaine. . . . go mbeach a' baile soef-aillí ceart in a chéile le cuir dhaof á dtagach orú 24.*

saighfíthe *aid. bhr.* Saighfeáilte (q.v.). *Ní ra an paráiste cho seofí na chéile aríomh agus bhí sán Dónach sin 24 spreagann.*

saighleam. *Tá ~ air 20, tá sé as a mheabhair.*

saighleánach. *Salix repens 20.*

saighneas *f.* Forán, araoid. *Chuir sé ~ air 20.*

saighna. Comhartha (aimsire). ~ *báistí 20. Tá ~ eannaí ar an spéir 20.*

saighneáil *a. br.* Comharthú. *Tá an spéir ag ~ 20, tá comharthaí athrú aimsire uirthi. Tá saighneáilacháí ar an spéir 20.*

sáil *b. 1.* Sáil coise an duine. . . . *d'ólach sé as ~ thinn ach é [fuisce] a fháil bog 24 crústóir. 2. D'fhan tú ar do dhá sháil i dteach do chuart 19, d'fhan tú an-fhada . . . Tá sí imithe ar a dhá ~ 20, tá sí imithe ar a cuairt. Í ina suí ar a dhá ~ is ar a péire poill 20, . . . ar a gogaide. 3. Íochtar nach mbeadh bhuaile ar an talamh. Faoi sháil cloiche 20. Faoi sháil an doraís 20. 4. Deireadh báid (iseal san uisce). Mús ina deire is troime atá sé [an lucht] 'air a' ~' atá sí [an báid] an uair sin 24 báid. Tá an báid ar a' ~ ro-mhór teigheadh duine nó beirt amach in a srón 24. Brú aniar agus tóig an báid dhá ~ 24. 5. Ó sháil go rinn, ó thús go deireadh, ar fad. Shílfeá go bhfuil sé críochnaithe agat ó sháil go rinn 20. Cuirfidh mé ó sháil go rinn é [garraí] 20.*

sáile *f.* Uisce na farraige. *Buinneán fir cho breá agus a hainic har ~ ariamh a bhí ann 24 cuireann, . . . a tháinig isteach sa tír . . . Ní dheaná go leor a d'fheil dó, har ~ a bhí air a dtabhairt 27.803, . . . isteach sa tír . . .*

Sailearna /sel'ærna/ *a. díl.* Dúthaigh Shailearna 20, ó abhainn an Chnuic go habhainn Chroimlinn (i gCois Fharraige). *Thabharfadh sé ól do Shailearna 20, . . . don domhan daoine. Chróigfeadh sé móin Shailearna 20, ghróigfeadh sé an t-uafás móna.*

saileog *: saileog.*

Saileog². *a. díl. b.* An tSaileog, an tSaileog rua 20, an t-aon a hairt.

sail ghraidí /sal'gradi:/. Lorg buille. *Suigh síos nó cuirfidh mise ~ ort! 20. Cuirfidh mise ~ ar an gcroí agat! 20.*

sailimeandar /sal'i'm'andær/ *f. 1.* Buille. *Bhuail sé ~ de dhorna air 20. Thug sé ~ ar an gcluais dhó 20. 2. Meandar. Ní thóigfeadh sé dhá shailimeandar orm a ghoil ann 20. 2. ~ de bhean 20, bean mhór.*

sailín *b. 1.* ~ *dearg 20, feithidín a bhfuil dath dearg scéiniúil uirthi. 2. ~ cuach 20, sailchuach. (iol.) ~ í cuach 19, 20.*

sailíos /sil'i:s/ *f.* Salachar. ~ *an bhaile mhóir 24A. Le ~ an tí 24A.*

sailí, -eann *: soill, -eann.*

sail líútar *f.* Buille 20.

sailm. Fear mór láidir. *Ann ~ fir go deó a bhí sa bPíarsach 27.1099. Sailm fir ní ba bhreácha colainn agus craiceann ná é níor rug ar mhaide rámha 24*

colainn. Hainic sé bhaile ríst na shailm fir 24

dreacháir. Ní ra aon ~ fir a dtír mar é 24 folláin.

sail raidí /sal'radi:/. Sail ghraidí (q.v.) 20.

sáimhín. 1. ~ *só. Is é an ~ só agat é 20, is é an ola*

ar an gcroí agat é, is é an chompóirt mhór dhuit é.

2. ~ *aireach, lorg gortaithe. D'fhág sé ~ aireach*

air 20. 3. Meaf. Cuimhne ar ghortú nó dochar. Tá

súil agam go bhfuil sáimhín /sav'i:n/ aireach a'd

is nach dtiocfaidh tú sa gcontúirt aríst 32.

sáin. 'Sanatorium'. *Sa sáin 19. Sna saineannaí 19.*

sáinne *f.* Sáinn 20.

sáinneál. 'Codladh piúicín'. *Cuirfidh mise ~ ort 19,*

cuirfidh mé codladh piúicín, meirfean, ort le buille.

Chuir sé ~ air le caint 19, d'fhág sé sa riocht é nach

raibh sé in ann focal a rá, bhuaíl sé san argóint é.

sáinníonn. ~ *ar, brúnn isteach timpeall ar. Sháine*

siad air romhór sa deire agus rugú air 24.

saint *b.* Fonn oibre 19.

sáite *aid. bhr.* Fiosrach, tugtha do bhrú isteach ar

dhaoiné eile. Ní fhaca tú dream ar bith ríomh atá

cho sáití leof, tá a mbob buailtí in chuill áit agus má

tá ceó ar bith ag imeacht tá sé fáití 'mach acu 24.

Nach hé an fear sáití é a bhuaíl isteach i dteach na

bainse gan iarra gon achainí 24. Ní chreidéa ach

chomh ~ agus a bhíodh siad [éanacha] a goil faoi

chosa na gearca g'iarra a ghoil go dtí an bheatha

27.1241. Duine a bheadh ~ suas le chuille dhuine

20, . . . a bheadh ag bualadh bleide ar gach duine

20. Tá sé ~ sa ngaoith 19, tá sé 'ro-ghar' don

ghaoth (agus níl an seol ag líonadh).

sáiteach *aid.* Tugtha do bheith ag 'sá' mámh isteach.

Nach thú atá ~! 20.

sáiteán *f. 1.* Duine nó beithíoch beag téagartha 20.

Nach é an ~ é! 20. Sáiteáinín beag 20 (le duine).

2. Duine sáiteach 20. 3. Stíbhín. *Meas tú a mbeidh*

an ~ sin roghéarr? 24.

sáith *b.* Dóthain (iol. sáitheanna). *A' chaoi a bhfuil*

a sheacht sánai anois aige 24 insíonn.

saithe /sa/. Glúin daoine. . . . *sin mar a hainic sé*

acu ó shath go sath 27.752. Ach a' chaoi ar fhan sé

i mbéul na ndaoine ó shath go sath 27.288. Nó gur

éug a' duine deirneach gon sa a bhí ann le na linn

24 áirne. Deir siad nach rous cé mhéad sath a bhí

caite aige [ag posta geata] leis achar a bhí sé ann 24

drom. . . . chon oiread san a' sa a bhí rómhainn

. cén fá air fhan sé aig chuile sha na ndiaidh

go dtí sa a' lae inniu 24 báire.

saitín *f.* Sról. *Gúna ~ 20. Éadach ~ 20.*

saitíil *f.* Beartán. ~ *ón siopa 19.*

salach *aid. 1.* (Mar threise le *fad*). *Ná bí i bhfad ~*

leis 20. . . . deoun i bhfad salach a bhí mise a' goil

a Gaille 24 bearna-mhaoil. . . . ní fad ~ go raibh

siad air a' talamh 27.322. Ní fad ~ a fua sé nuair

a d'inis sé an rún 24 rún. 2. . . . nó b'fhéidir a'

ceann ~ a bhe agum dó 24 neartaíonn . . . an

chuid is measa a bheith agam de [troid].

salachar *f. 1. a. br.* *Tá sé ag ~ 20, ag brádán. 2. Ní*

dhéanfadh sé ~ putóige dhó 19, is beag bídeach a

tugadh [de bhia] dó. Níor chuir tú aon bhlas as

d'aon nduine riamh ach oiread leis an ~ atá i

mbonn do chois 19.

salafonn. Cuireann cac ar bheithíoch mar chomhartha go bhfuil sé ceannaithe, ag cinntiú an mhargaidh. *Tá margadh díonta a'm ach níor shalaign sé é* 19. *Ó shalóidh sé é* (beithíoch) *caithfidh sé é a thabhairt leis* 19. *Salóidh mé ar dheich bpunt é 20*, ceannóidh mé . . . *Salaign é! 20*, tá sé ina mhargaidh.

salann f. 1. ~ feola. *Nuair a bhíodh muc á sailleadh i mbairrillí . . . agus í le baint as agus á gearradh suas d'ímfodh píosaí beaga feola ón scian, chaithí ar ais sa salann iad* ~ 'feola' a tugtaí air sin 24 béilí.

2. Rud beag nach dtabharfaí faoi deara. *Níl ann ach ~ air chabáiste réis sin, le ais a bhfuil le déanamh 27.1225. Ní dhéanfadh sé ~ ar chabáiste a' méid a leag sí len ithe aguinn 24*, ba bheag a leag sí . . . *Ní dhéanadh a' chuailín fhéir a bhí ar a dhroim aige a' goil chuig na beithí ~ air chabáiste 24. 'Diabhal a' fú díobh é a ghlacadh' deir sé, 'cad atá sa méid g'ardú a fuair siad ach mar ~ ar chabáiste díobh' 24. 3. Lá salainn Bhearai, lá a éireoidh le duine faoi dhéireadh thiar thall. B'fhéidir go bpósfaidh sé chomh maith is tháinig lá salainn Bhearai 19. Tíocfaidh a lá - tháinig lá salainn Bhearai 19. Éireoidh sé dhuít mar a d'éirigh sé do shalann Bhearai 19, gheobhaidh tú deis tairbhe a bhaint as fós. 4. Is é an ~ stóraf ag goil go hífreamh é 19, is aistír an-fhada é le hualach trom.*

salcadán f. Fear láidir. ~ láidir díonta é, *clabhreach as amach agus é cho ríití le mála arúir 24 rítheann. salmadóireacht a. br.* Ag rá paidreacha fada 20.

saltachán f. Fear láidir. *Saltacháin láidir dhá sórt cén stró a chuireach sé oru 24 altachán.*

sambó. *Chó crua le ~ 24A* - le arán crua a deirtear é. *Cho láidir le ~ 24A.*

samhadh /sawə/. ~ caorach 19, Rumex acetoselle (polygonaceae). *Talamh ~ caorach 29*, talamh áirithe a bhfásann samhadh caorach air.

samhail b. *Fear a bheadh ag goil ina shamhail 20, . . . ag dul i gcosúlacht leis. Níl a fhios agam cé chuirfínn ina shamhail 20, . . . cé déarfainn a bhí cosúil leis.*

samhaoin b. *Tíocfaidh sé 'un samhaoine lá eicint 20, . . . chun brabaigh. Bheadh sé ag goil 'un samhaoine 20.*

samhaoine aid. br.-ch. *Ba ~ dhomsa a ghoil amach ar an bporthach ag baint mhóna ná a ghoil ag an gcladach 20. Ba ~ dhom é sin a dhéanamh 20.*

samhdóg b. Bean bheag ramhar 20. ~ *af an Chnuic 20.*

samhlai (?). *Bean tí shamhlai /havli:/ na gortan 19*, bean mhaith tí.

samhlaiocht b. *Is tú atá in ann an t~ a dhéanamh 20, is tú . . . samhail oiriúnach a lua le rud.*

samhlalonn. *Tá sé á shamhlú leat ar chuma ar bith 20, táthar ag ceapadh gur rinne tú é . . . Níor rinne sé é ach samhlalodh leis é 20.*

samhnás /sawna:s/ f. *Sámhas. Tochas an mhuic is beidh ~ uirthi 19.*

Samhradh f. ~ *beag na Samhn' 32*, tréimhse bhreá aimsire faoi Shamhain.

sáun. 1. Cuireann (bád) ar snámh den chéad uair.

Bhí bád á sátha . . . 19. 2. Cuireann slata sa talamh ag tosú ar chliabh a dhéanamh. Sáfaidh sé an cliabh 19. 3. Cuireann (prátaí, etc.). Ba chóir dhóibh [plandaí cabáiste] a bheith sáite fadó 20. Tá go leor daoine a' sá plandaí an t-am seo gon bhliain 24. Bhí mé a' sá cruinn bheaga spíonáin a cheanna mé air a marga Dé Sairn 24. 3. Cuireann (go deifreach, go fuinniúil). Sá ort do chuid bróga 24 amadán.

santachán f. Duine díocasach ag obair 20. ~ *bradach é siúd 20.*

santaíonn. Baineann obair as. *Ní bheadh aon ghraithe dhá shantú 20, . . . ag baint an iomarca oibre as. Shantaigh sé 20*, bhain sé an-obair as. *Déanfadh mé amáireach é - ní ag santú an Domhnaigh é 20* (- a déarfai ar an Satharn) . . . ní ag iarraidh obair a dhéanamh Dé Domhnaigh é.

saol f. 1. (a) *Tá sé ann le linn na ~ 20, . . . i gcónaí. Ní fhacas ariamh sa ~ iad 24. Chaith sé an ~ éirithe as 20, chaith sé tamall an-fhada . . . Ní mhairfeadh sé ~ fata i mbéal muice dhuít 19, ní mhairfeadh sé ach tamaillín an-ghearr duit. Níl sé i bhfad saoil ó shin 19, níl sé achar fada ó shin. (b) Go malraid saoil, go deo. Ní thíocfaidh a leithéid arís go malraid saoil 20. (c) Sa ~, i ndán. Má tá sé sa ~ 20. (d) De'n t~. Bhí sé den t~ aige 20, bhí sé marbh aige (ag obair, ag gáire). Iad a ligean den t~ 20, ligean dóibh bás a fháil. (e) Sa ~, ar bith. Níl fuacht ar bith anocht ann, fuacht sa ~ 20. 2. Fios mo shaoil. B'fhada liom ná fios mo shaoil go dteagadh an tráthóna 20, b'fhaide liom uaim é . . . ná an fad atá fios mo shaoil uaim. 3. An ~ láimhe, an domhan mór (cf. síol Adhaimh). An ~ láimhe ní smachtódh thú! 19. Ní dhionfadh an ~ láimhe é 19. Níl ní faoin ~ láimhe nach . . . 20. Bhí sé le feiceáil ag an ~ láimhe 20. 4. (Le cúrsaí saibhris). Fear maith sa ~ é 20, fear saibhir é. Fear a bheadh cailte sa ~ 20, fear bocht. Tá a dhóthain den t~ aige 20, tá a dhóthain saibhris aige. 5. (Le treise). (a) An ~, go leor. Bhí an ~ curachaí amuigh 20. Tá an ~ oibre le déanamh agam 20. An ~ céadtach, an ~ brách, go leor leor. Bhí an ~ céadtach acub an ~ 20, an ~ brách pisreogaí 20. Dhá dtiúrfá an ~ brách dhom ní bheadh aon mhaith ann 20. Ghóch sé thríd a' ~ brách 20, . . . go leor airgid, beatha. (b) Chomh mall leis an ~ 20, an-mhall. Chomh bréagach leis an ~ 20. (c) . . . gur toc sé airgead an tsaol mhóir air a' stail 24 stail. Faitíos an tsaol 20, an-fhaitíos. Thar cionn saoil 20, thar cionn ar fad. (d) Bhí an oíche ag báisteach ar nós an tsaol 20, . . . go han-dona. (e) Ná bí a' cuir a' bhealadh amú leis a' seanleathar sin atá caithe ó'n ~ 24 bealadh, . . . atá an-chaite. Tá sí an-mhór leat den t~ 20. Is cliú den t~ dhó é 20. (f) Ní chaithfeadh an ~ an lá 20, tá sé an-deacair an lá a chaitheamh. Bó nach mblífeadh an ~ 20. Ní cheideánainn ar an ~ é 20. Thiúrfadh sé iasc don t~ 20, bhí an-chuid éisc aige. (g) ~ is aimsir inseos í 20, gheofar an t-eolas le himeacht aimsire. Bhí an teach craite le ~ is aimsir 20. Ní ghabhfainn ann ar feadh mo shaoil ná m'aimsir 19, . . . go*

brách. (h) *Deabhal mo chos a ghabhfadh ann dá bhfuighinn ~ na Cailí Béara 19, . . . go brách.*

saolta dobh. Ar bith. (Is minicé shaoilta ná saolta). *Ní féidir shaoilta . . . go bhfuil sé chomh dona sin 24 gortú. Ní féidir shaoilta gur tú atá ann 27.787. 'Ní féidir shaoilta shioruidhe' deir sé 'go chuir sé cor air héin' 24 cor. 'Ní féidir shaoilta shíoraí go gcaithfi muid a' méid sin a shiúl' a deir sé 27.998. Níl a fhios agam . . . shaoilta shíoraí ciod a dhíonas mé anois 24. Seó shaoilta a raibh acub ann 20. Níl cinneadh ar bith shaoilta leis 20. Ní raibh deoraí shaoilta riamh ann 20. Mo dhíomu shaoilta gon Siobhán fhada sí a bhain a méid sin faoi na frog-anna asam 27.1382. 'Séin clampar shaoilta,' a deir Páruic, 'nó tá fios agaibh féin air chomh maith liomsa' 27.1328.*

saoltach aid. Den saol seo. *Ach ní duine ~ a bhí ann 24 macalla. Ní fear ~ é 20.*

saor aid. Is beag a bhí ~ air a mbaile agus mise in mo ghrabaire nach raibh fhios acu faoi Dhónal Cham 27.1427, is beag duine nach raibh a fhios . . . *Is beag a bhí ~ ar an mbaile nach dhó a vótáil siad 24A, is beag duine . . . nár vótáil dhó.*

saorann. Scaoileann gan milleán. 1. . . *ní shaorach uisce Loch Éirne fear a' bith eile . . . 24 méaróig, ní shaoradh rud ar bith . . . 2. Ní thiúrfadh sé saoradh ná séanadh dhó 19, ní admhódh sé é ná ní shéanfadh sé é.*

saorgáil b. Saoráil. *Bhfuil aon ~ sa siopa nú gan [ach an] oiread le siopaí eile? 24.*

saothar f. Tugann chun saothair, tugann chun cineáil. *Go thala a bhí imí fiáin nach ra sórt grúchtáil a bith air is é tá tóraí [tabhartha] an [chun] saothair acu agus siad atá a' baint a' bheatha dó 24.*

saothraíoch f. Saothraí 20. *~ maith a bhí sa bhfear bocht 24.*

saothraíonn. 1. Oibríonn an-chrua le rud a fháil. *Shaothraigh siad an saol 20, d'oibrigh siad go crua agus d'fhuiling siad ag iarraidh maireachtáil. Tá an Ghaeilge saothraithe go maith agat 20, tá anró mór faighte agat á foghlaim. Shaothraigh muid an chéad aistír 20, fuair muid anró uaidh. 2. Ag saothrú fataí 20, ag lánú prátaí. Tá na fataí céad fhómhair saothraí hana gum 24.*

sáraíonn. 1. Déanann iarracht rud a chur ina luí ar dhuine. *Ag sárú rud ort 19. Ag sárú na mbréag air 20, ag iarraidh a chur ina luí air gur fírinne í an bhréag. Sháraigh mé na bréaga siar ina bhéal 20, chuir mé ina luí air gur bréaga a bhí insithe aige. Sháródh sé an fhírinne ort 20, bheadh sé ag iarraidh a chur ina luí ort gur bréag a bhí sa bhfírinne (a bhí tú a insint). Níl mé ag goil ag sárú tada ach an rud a bhfuil eolas agam air 20. 2. Sáraíthe, buaíle san argóint, mícheart sa rud atá sé a rá. 'Nach diabhailta sáraí an fear é sin . . . ' 24 bogann.*

sásáíocht b. Sástacht. *Ní raibh aon ~ orm ina bhfuair mé 20. Ffr. sástaíocht.*

sásamh f. 1. Díoltas, cúiteamh. *Bhain mé mo shásamh dhó 20. Bhí sásamh maith air faoi dheireadh 20, bhíothas ag baint sásaimh mhaith as*

. . . 2. ~ intinne 19, 20, suaímhníú intinne. 3. ~ na sop, sásamh ar bith. *Gan sása na sop le fáil agut air 27.1265. 4. Gan' ~ ná séan le fáil 20, gan aon sásamh le fáil. Níl ~ ná séan le fáil air 20 (le duine míréasúnach).*

Sasanach f. Duine de mhuintir na háite sa mbaile go sealadach ó Shasana 20.

sáspan f. ~ coise 20, sáspan a bhfuil cos (= lámh) as.

sásúil aid. Sásta ag obair, so-láimhsithe. *Capall breá ~ é in chuile shoes oebre 24. Tá sí ar cheann go na beithí is sásúla le bleán sa tír 24.*

sástaíocht b. Sástacht. *Ní raibh ~ ar bith air go bhfuighfeadh sé é 20.*

sáta f. Sáith. *Bhí an dá sháta ólta aige 24A. Bhí an dá háta ití aige 24. D'íthí an dá sháta dhuí ansin 27.1327. D'íth siad a' dá ~ go bháir a' ghain a bhí orú 24 goin.*

sáthadh /sa:w/ a. br. Sá. *Tá mé ar mo sháthadh is ar mo bhuille mar atám 32, tá mé ag obair liom ar mo dhícheall. Tá chuile dhuine ar a sháthadh is ar a bhuille 32. Ar mo sháthadh is ar mo bhuille ag iarraidh deireadh a chur leis 32.*

Satharn f. Bhíodh an oiread cainte fadó air mharga mór na Féile Páruic agus a bhíodh air mharga na n-éanlaí ~ mór na Nolac 27.1478, . . . an Satharn roimh an Nollag.

satlaíonn : taltaíonn.

scabhaitéaracht a. br. Bligeardaíocht 19.

scabháta f. Tóir, sciobadh. *Nach uirthí [ar mhóin] atá an ~! 20. Nach orm atá an ~ 20, . . . an tóir le obair a bhaint asam.*

scadán /sguda:n/ f. *Brabach ~ goirt air a bpláta ní bheadh aig cibé cé acu a leis é, 27.915, ní bheadh brabach beag ar bith . . . Ní thairnéad ~ gon thú 24 - le duine nach mbeadh sách láidir don obair a bheadh sé ag iarraidh a dhéanamh. Deoul a dtair-neóch siad ~ gon thú . . . 24 cuireann, ní thair-neodh siad (iomróirí báid rásaíochta) an rud is lú. Go scuab an deabhal thú go dtí an áit a ndíonann an scudán a nead 31 - eascaine.*

scadáinín /sguda:n'i:n/ f. ~ féir, dreolán teaspaigh. *Is beag é an ~ féir agus ní chreiteá ach a' léim atá aige 24.*

scafach : scamhach, screamhach.

scafaire f. 1. Stócach lúfar, láidir 20, 19. *Bhí siad suas ina scafairí móra 20. 2. ~ fir 19, fear lúfar gan pósadh. ~ mná 19, bean láidir gan pósadh.*

scafánta /sgufa:nta/ aid. 1. Lúfar. *Tá sé cho-scafánta le míonnán míosa . . . 24 míonnán. 2. Scioptha. Scríobh tú an-scafánta é 19. Ag caint uafásach scufánta 19. Lán gealaí agus rabharta, bheadh an lao ar an saol níos scufánta 19. Cailleadh an-scafánta é 19.*

scáifar aid. Chomh ~ le corr réisc 20.

scagach' f. ~ iongan 20, scamhach iongan.

scagach² aid. Fiacla ~ 20, fiacla a mbeadh bearnaí eatarthu.

scail b. Teas mór. 1. *An ~ a bhí a' teacht ó'n tine nuair a bhí an teach a' dó, bhí sí uafásach 24. 2. Boladh bréan. Tá ~ mhór ag oerí as a' gcárn aoile*

24. 3. Gail. Tá ~ ag éirí as a' tala réis a mhúr báistí
 24. Dhó an ~ hainic as pota na bhfataí mo láimh
 24. Dhá bhfeicea an ~ i bhíonnas ag éirí as na beithí
 ar mháidín aonáí 24. 4. Taom obann láidir. ~ go
 dhroch thinnis cinn a bhuail inniu mé 24. Tagann
 scalleanaí móra doitheachaí anois agus arís air 24.
 . . . a' scail athais a líon an oí sin mé, ní fhaca mé
 a leithide roimhe ná ó shoin 24 leanbh. 5. (iol. mar
 a. br) Ag scaltrachaí 20, ag caitheamh scáileanna
 tinní.
scáille b. 1. (Le créafóig an-tanaí). . . bhí sí ann, an
 sgáille créafóige, ruadh-dhubh sa dath, agus í go
 díreach mar bheach lása 24 luaithreamhán. 2.
 D'fheicfead do ~ thríd 19, . . . do chumraíocht tríd
 (an éadach). 3. D'éirigh mé le ~ an mhaidneachain
 32, le céad sholas na maidine. 4. (Le héadach
 tanaí). Chuireach a' créatúr truat ort leithide go lá
 fuar is gan air ach ~ gon éadach 24.
scailigthe /'scal'ik'i:/ aid. Lúfar scafánta 19.
scailíneach f. Fearín beag scrábach basach 20.
scailleog b. 1. Buille. . . dhá dtiúrfadh sé ~ dhuil
 20. . . go mbuailfidh mé cupla ~ ar an geloch 20.
 2. Bolgam. D'ól sé ~ 20. 3. Babhta cúirtéireachta.
 Cheapfa gur fear é a fuair ~ aréir 20. Bás gan ~
 20, bás gan comhriachtain.
scailiún f. Tír na scailiúin 24, leas-ainm ar Eanach
 Dhúin. Na scailiúin 24A, muintir Eanach Dhúin.
 scailpeach : **scalpach.**
scailtín f. Deoch the a dhéantaí de bhláthach, mhin
 choirce is d'im (leigheas ar shlaghdán) 31.
scainmheach aid. A bhfuil scaineamh ann. Ithir ~
 20.
scainmheán f. Gaineamh garbh in uachtar trá 20.
scaipeach f. Beagán rudaí scaipthe thart. Tá mé
 fágtha ar an ~ agaibh 20, . . . ar an méid bheag
 feamainne a bhí fágtha tar éis an chuid eile a roinnt
 ar chrainnte.
scaipeann. 1. Imíonn as. Is dóigh go bhfuil sé
 [fiabhras] scaipthe anois 20, - go bhfuil deireadh
 leis. Tá an t-amharc ag scaipeadh air 20, . . . ag
 lagú air. Scaipeadh tí 19, muintir an tí ar fad a
 imeacht. Ós scaipeadh tí é, bíodh sé ina scaipeadh
 tí 19. Chomh scaipthe le bricfásta circe 20. Gaol
 scaipthe, gaol an-fhada amach. Sén chuid eile go
 Dhúgáin Sheán Mháire é ach atá an gaol scapadh
 le fada 27.315. 2. Leathnaíonn. Is é an faitíos a bhí
 ar chuile dhuine go scaipeadh sé [tinneas] thart
 24A.
scair b. 1. An bhearna idir dhá chloch i mballa.
 Thóig sé an ~ 20, líon sé an bhearna le cloch(a).
 Tá an ~ briste ansin agat 20, tá an scair tógtha. 2.
 Cloch ~ 20, an chloch a thógann an scair. Ag cur
 ~ ar an mballa 20.
scairbhín. Ithir éadrom ghainmheach. Ní fuí
 meanachuir a' ~ sin dhom réis a bhe ag íoc cíos
 agus gearra eirí 24. Deoul a mbeathóch sé gour a
 bhfuil a' fás ar a' ~ sin 24.
scairdeann. 1. Tá sé ag scairdeadh 20, tá sé ag
 báisteach go trom. 2. Teach a bheadh ag scairdeadh
 isteach 20, . . . a mbeadh báisteach anuas ann. Ag
 scairdeadh thríd 20, ag ligean thríd.

scaireadóir f. Scaradóir 20.
scaireoir f. Scaradóir 20.
scairíneach : scailíneach.
scairleog b. Scarlóid. Chomh dearg leis an scairleog
 20. Dath na scairleoige 20.
scairt b. 1. Le ~ mhainne 19, le focadh an lae. 2.
 Mo sheacht ngrá do ~! 20 - focal molta ar dhuine
 a scairfeadh ag gáire go crofuil.
scairteach b. 1. Gáire ard. Bhuail ~ gháirt é 32. 2.
 Scaladh. An ghrian ag ~ ar na curachaí 20.
scairteachán f. Scairt an chléibh. Go dtuga an
 deabhal thrí do ~ é! 20 - eascaine a déarfai le
 duine a mbeadh doichead roimhe, a d'iarrfadh bia
 nó deoch.
scairtíl a. br. Gáire go hard. Ag ~ gháirt 20.
 B'aisteach a' ~ a bhí orú 24.
scairtmhaidín b. Deargmhaidín. Leis an ~ 20.
scaitheamh f. 1. Tamall amháin fadó. Bhí sé i gceist
 mhór, ~ 20. 2. ~ saoil, tréimhse fhada. Is maith
 an ~ saoil ó bhí an duine sin ann 19. . . go bhfuil
 sé ~ saoil bánaithe 19. 3. Achar beag. ~ den
 bhóthar 19.
scaithín f. Scaitheamh beag 20.
scála f. 1. ~ an cheirt, 'scála' leis an gceart a aimsiú.
 Gan bacadh le breithiún is mór atá an ard-réim ar
 fud a' domhain nach bhfuil a' géileadh go ~ an
 cheirt 24. Shuas atá an Breitheamh a bhfuil ~ an
 cheirt ina lámha aige . . . 24. 2. Coinn an chéachta
 air a' ~ sin 24, . . . ar an leibhéal sin.
scalán /sgula:n/ f. Babhta triomaigh le gaoth is
 grián le chéile. ~ triomaigh 20. Tá ~ gaoithe ann
 20. An chéad ~ thioctas beidh sé teirim 20. Bhí ~
 maith le seachtain ann 20.
scalann. Gealann. Nuair a scal an lá 19. Tá an lá ag
 scaladh amach 19. Tá an oíche scalta amach go
 deas 19.
scallach f. 1. ~ triomaigh 20, gaoth agus triomach
 le chéile. Tá ~ mór triomaigh ann 20. 2. Tá sé ina
 ~ báistí 20, tá sé ag báisteach is ag séideadh. 3. ~
 iongan 20, scamhach iongan.
scalladh f. 1. Greadadh (báistí). Ní dhíonach scala
 math báistí dochar a bich gon tala anois, tá sé an-
 súití 24, ní dhéanfadh greadadh maith báistí . . . 2.
 Róstadh (gréine). Á bhfoech sé [fear] ~ eile gon
 ghrian amáireach agus iompó mar fuair sé inniu
 . . . 24. 3. Drochthaom tinnis. Bhíodh tinneas
 droma a góil dó agus is beag bliain a dtús a'
 tSamhra nach bhfách sé ~ do 27.375.
scallann. 1. Leagann (mámh). Scall an mámh! 20.
 Dá mbeithé gan a scalladh . . . 20. Shf. An áit a
 scalltar, feanntar 20 - focal a déarfai nuair a
 bhuailfí mámh maith anuas ar mhámh eile. Meas tú
 ab é an chaoi a scallfaidh mé nó cras-ímir a
 thiúrfas mé air 20. Níl paidir a bich cho coitiantaí
 le 'go scala an deoul thú' ar a' mbaile 24. 2.
 Meascann. Olann a scalladh 20, snáth bán agus
 snáth glas a chur trína chéile. 'Sfh. Olann gan
 bealadh is deacair í a scalladh, ní áirim í a shníomh
 ná a réiteach 20. Tá muintir an bhaile sin scallta
 thrína chéile 32, tá . . . measctha i ngaol le chéile.
 4. Scallta, an-te. Ní raibh an ghrian chomh ~ 20.

Uisce ~ 20. 5. *Scallta*, an-daor. *Níl sé* ~ 20. *Níl siad* ~ daor 20.

scalltán *f.* Luch nó francach óg gan fionnadh. *Ní deas a' rud nead luch fháil agus í lán sgáltáin* 24. *Cut a' buachail a shloiceach na sgáltáin* 24. *Gheofá nead a' luch uisce agus na scáltáin inntí* . . . 24 *luch uisce*. 2. Éadach an-tanaí. . . *gan ort ach an ~ sin* 20.

scalpach *aid.* Scailpeach 20. *Áit* ~ 20.

scamallán *f.* 1. 'Brat' ramallae ar an lao nuabheirthe 19. 2. Fás éigin sa tsúil 19.

scamhach *f.* Scafach. ~ *ionga(n)* 19, 20, *scamhachai ionga* 20.

scannán /sguna:n/ *f.* Brat searraigh, brat mionnáin. ~ *an mhionnán* 31. ~ *an tsearraigh* 31.

scanrachán *f.* Scanróir 20.

scanradh *f.* Bhiodar ar *scanradh* 19, 20, bhiodar scanraithe.

scansáil *1.* Feannadh cainte. *Thug mé ~ ghránna dhó* 20. *'Leithid go ~ ní bhfuair mé riamh,' a deir sé. Sí an cheistiú chrua a fuair sé ó thornae agus é air a' mbord agus an fhad [bhí] sé ar bun a raibh sé a' caint air* 27.1472. 2. Céisadh. *Tá daoine ann a fháns ~ mhór dhó [de thinneas droma]* 24 *droim*. *Níl tír a bích is mó anns [fhaigheanns]* ~ *ná an tír a dtagann a' gorta isteach inntí* 24 *gorta*. *Gan caint ina chionn air a' ~ a bhí siad fháil ó na máistrí* 24 *péist*.

scansáil *a. br.* *Ag ~ na heangaí* 19, ag ceangal eangaí miotail le chéile anuas ar cheann tuí. *Ag ~ an tí* 19, ag socrú eangaí miotail ar chloigeann tuí.

scansáilte *aid. bhr.* Feannta (le caint). *Bhí mé ~ aici* 20.

scaoil. Buinneach (ar bheithigh). *Bhfuil meuir a' bích agut ciod a stopach a' ~ atá ar a' mbó?* 24. *Bhí leigheas ag na sean-ndaoine ar a' ~ cho math is tá g'imeacht ag dochtúirí na mbeithí inniu* 24.

scaoileadh *a. br.* 1. *An ~ siar* 20, an bhuinneach. 2. *Tá ~ a thóna is a chinn uiliug leis* 19, tá sé ag imeacht thart go haerach is é ó smacht.

scaoileann. 1. Tionlacann. *A scaoileadh amach ar an mbóthar* 19, á [duine] thionlacan [ón teach] go dtí an bóthar. *Ar scaoil tú abhaile ón gcéill í?* 20. 2. ~ *amach*, ligeann chun báin. *Dá mbeadh sé [talamh] a gcaitheamh an tsaoil dá chur . . . agus má scaoiltear amach é, níl sé achar a bith nuair atá siad [flogaí] a' fás ann* 24 *feóg*. 3. Ligeann ar cíos. *Scaoil sé an teach* 20. 4. *Scaoilfidh tú cuide den choimeal isteach air* 20, ligfidh tú cuid den choimeal leáite titim air. 5. (a) *Scaoileadh sé bóthar leob!* 19, ligeadh sé chun bealaigh iad. *Scaoil siad bealach liom* 20. (b) *Scaoil siar lucht an Aifrinn* 20, fan go mbeidh lucht an Aifrinn imithe siar. 6. *Scaoil anuas an deabhal sin* 19, múch an rud gránna sin [teillifseán]. 7. ~ *chuig*. (a) Tugann saíteáin do. *Ag scaoileadh aige* 20. (b) Déanam magadh faoi, insíonn bréaga do. *Dheamhan blas a bhí sé ach ag scaoileadh 'ugat* 20. 8. ~ *i*. *Scaoil sna beithigh é* 19, saghd sna beithigh é [madra]. *Ag scaoileadh an mhada iontab* 20. 9. ~ *le*. *Tá siad ag scaoileadh le chéile* 20, níl siad ag bualadh a chéile

[ag cártas] ach ag ligean dá chéile buachaint leis an mbun a choinneáil istigh.

scaoilte *aid. bhr.* 1. Faoi eachmairt. *Tá siad [asail] ag imeacht* ~ 20. 2. (Duine) Ligthe leis féin le fonn drúise. *Ag imeacht ~ ina ndiaidh [i ndiaidh ban]* 20. *Dream ~ a bhí iontab ~ ag rabhaiteáil le mrá* 20. 3. ~ *le gaoth* 20, ag imeacht le sruth.

scaoinn *b.* 1. Bean chaol ard. *Níl iontab ach dhá ~* 20. 2. Muc chaol ard 20.

scaoth *b.* Báire éisc. *Imíonn scadáin 'na ~ sa bhfaraige* 24 *scadán*.

scarach *aid.* Réidh le scaradh ó chéile. *Fainic thú fhéin a' goil har a gclai sin mar atá sé* ~ 24. *Sílím nach dtúra tú an chual fhéir sin i bhfad mar atá sí a' breanu an-~* 24.

scaracháinín *f.* Fear beag bórach 20.

scaradh *f.* ~ *an chláirín*, scaradh áirithe ar mhóin. *Bhéará trí nó ceathair, g'fhóide ar a' gcláirín leat agus ceann eile in do chrúib . . .* 24.

scaradóir : scaireadóir, scaireoir, scarthóir.

scarann. 1. Lagaíonn (radharc). *Bhí rourc go leór daoine sgaráí fadó ag iarra bhe léaw le solus a' choineal* 24 *coineal*. *Nár mhór a' dúil bhí ag a' bhfear sa tobac nuair a deireach sé go scarach a rourc nuair a bhíoch sé tamal á oireas* 24 *tobac*. 2. (Go háibhéileach, le teann faitís). *Scar a rourc le eagla go ndéanadh siad griosadh ar na huain* 24 *aireach*. *Scar mo rourc agus rinne mé staic* 27.100.

scarlóid : scairleog.

scaróg *b.* Scorán. *Scarógaí na coirbe* 19.

scartha *aid. bhr.* 1. Briste brúite. *'Tá sé scarthaí ó'n saol' deirtear le fear nach bhfuair mórán boigeacht ariabh ach neart oibre faoin bpus . . .* 24. 2. Leathan sa ghabhal. *Tá sé [duine] chomh ~ le frag* 19.

scarthóid *b.* Brat clúdaithe. *Caith ~ eicint ort fhéin a choinneadh an bháisteach uait* 19.

scarthóir *f.* Scaradóir 20; 27.1451.

scáth *f.* 1. *Bhí ~ faitís air* 24. *Bhuail ~ faitís ansin é* 27.152, bhuail an-fhaitíos . . . 2. *Téirigh ar ~ an mhúir* 19, . . . ar foscadh ón múr. 3. ~ (gan ar), ar son, ag cuimhniú ar . . . *'Anú ní a' cuir a ghlas air a' doras atá tú' a deir mé leis a mbean, 'sgá an t-achar a bheidheas muid amui'* 24 *cuireann*. *Níorbh fhíú dhó a bhéal oscailt, ~ ar mhíll siad* 20. *Chaith mé uaim iad, ~ a bhfuair mé orthab* 20.

scathán /sguha:n/ 19, /sga:n/ 20 *f.* 1. *Breathnaigh thusa ar do ~ fhéin* 19, - focal a déarfá le duine a déarfadh leat nach raibh tú ag breathnú go maith. 2. ~ *ladhrach*, an lámh os cionn na súl le scáth a thabhairt ar an solas le gur fear a d'fheicfí an rud i bhfad ó láthair. *Cuir suas do ~ ladhrach agus feicfidh tú é* 19. *Tá ~ ladhrach thuas aici* 19.

scáthlán *f.* Éadach tanaí. *Ní raibh uirthi ach ~ éadaigh* 20.

sceabhaltaithe *aid.* Lom in éadach. *Nach tú atá ~!* 19, nach beag an t-éadach atá ort!

sceabhdaithe *aid.* Leathnocht agus fuar. *Tá tú chomh ~, ag breathnú* 20.

sceabhhrán *f.* Ean beag farraige, geabhróg (?) 20.

sceach *b.* 'Na sgeach i mbéul beárna aig a' saol mór

a' cuir stós air 24 bearna, ina dhuine fánach neamhchríochnúil. Ach 'na ~ i mbéal beárna ansin 'na sheasa a' breanu air chuire dhuine á riarú . . . 24 naofacht, ach ina staic gan corraí . . .

scead b. Lorg buille, gearradh. Cuirfidh mise ~ sa gcúl agat 20.

sceadálann. Baineann sceideanna (q.v.) de. *Dhá sceadail leat* 19 (le cloch). *Sceadailte* 20, briste ina sceideanna.

sceadamán f. Scornach. *Ag cur a sceadamáin amach* 20, (é) ag caoineadh, ag béiceach, go hard. *Diún a miste liom dhá gcuirfeadh sé a ~ amach* 20, . . . dá mbeadh sé ag clamhsán go deo.

sceadambhán. . . . dá mbeadh a' ghrian a' pléascadh na gcloch agus a' fiach dubh a cuir a sceadmbhán (sic) amach le tart . . . 27.634. *Bhí cour lá a rabh an fiach dubh a' cur a screadbhán amach le teas 24 craiceann.*

sceaimhínteacht a. br. 1. Méirínteacht le hobair, ag rith ar obair. *Ag ~ le obair* 20. 2. Síorchaint seafóide. *Ag ~ chainte* 20. 3. (Le duine) caint achrannach mhilleánach. *Tá siad sin ag ~ le chéile i gcónaí mar sin* 19. *Ag ~ troda* 20, 19. 4. (Le madra) scamhaíl. *Tá an mada sin ag ~ i gcaitheamh na hoiche* 20.

sceaimpéara f. Bithiúnach 20.

sceaimpéarachta a. br. Bithiúntaíocht 31.

sceal. 1. Díol trua. *Ba mhór an ~ iad* 20. *Nach bhfuil mé fhéin i mo ~ chomh mór leatsa!* 20. *Nach bhfuil mé fhéin chomh mór a' ~ leis sin* 20. *Is beag an ~ é* 20. *Ní mórán ~ í* 20. 2. ~ air!, drochrath air, mo mhallacht air, ~ ort! 19. ~ casta air! 20. ~ cam air! 20. ~ bán ort! 20. ~ ar a' ngor céana níl ubh dhá mbárr agam 24 gor. ~ air a' bhfuacht tá muid déadraí aige 24 fuacht. 'Scéal air a' gcasacht' a deir sí 'tá sí in an duine a bích beo a laga . . . ' 24. ~ air an aimsir, nuair a bhíonn sí sforfhluch 24 aimsir. 3. ~ ar a gelampar, 27.25, 19, drochrath air. ~ breá an a' mí-á, shiléa nach gceannó cláir cho haltach leofa sin 24 altach. 4. Bárr air a' scéal, nuair a bhí sé scaitha sa deóise . . . d'athra sé ríst na mná rialta 27.261, barr ar an mí-ádh . . .

sceála f. Nuacht, eolas. *Nuair a d'éirigh sé maidin lá arna mháireach bhí ~ aige air* 20, . . . mhothaigh sé a dhrochrathradh.

scealadóir f. Brathadóir 29.

sceallán /ʃg'ula:n/ f. *An ~ mullaigh* 19, an sceallán a bhaintear de mhullach an phráta a mbíonn go leor súile ann *An ~ tónach* 19, an ceann a bhaintear d'íochtar an phráta. *Tá pota sgioldáin shíos l'oe na muca* 24.

scealóir f. Duine a d'inseodh scéalta beaga barrúla 32.

sceamh b. Slisín, spleantar. *D'imigh ~ den choirnéal* 20. *Tá ~ ghéar uirthi* 20, gitín gear ag gobadh amach uirthi [cloch]. *Sceaimhíní faoi* 20, slisíní beaga [le haghaidh laoi].

sceamhach f. ~ iongan 20, scamhach iongan.

sceamhairt a. br. Scamhaíl. *Bu muid na gadhair agus thosaíodh muid ag aithrist orthu a' ~* 27.65.

sceanach f. 'Praiseach'. *Tá sé ina ~* 20, tá sé millte, ó mhaith. *Déanfadh mé ~ dhi* 20.

sceanann. 1. *An fód a sceanadh go maith le cead aníos a thóirt don síol* 20, . . . a rómhar is a mhionú . . . 2. *Bhí sceanadh inniu orthab* 20, bhí an-sciobadh orthu [beithigh ar aonach]. *Bhí daoine ag sceanadh a chéile fúthab* 20, ag troid fúthu [beithigh]. 3. *Tá mé sceanata leis an ocras* 20, tá mé 'caillte' . . . 4. *Ag sceanadh gréasaí*, ag báisteach go tréan. *Bhí sé a' sceanadh báistí* 24A. . . . dá mbeach sé a' sceanadh gréasaí . . . 24 camán.

sceanta aid. Súile ~ 19, . . . scéiniúla.

sceartán /ʃg'irta:n/ 20, 24A, f. 1. *Ní fiú ~ é* 20, ní fiú faic é. *Ní fiú scartán bacach é* 27.1431. *Ní fiú scartán bacach a bhfuil díonta ná ráite as a mbealach aige* 24 cailleadh.

sceartáinín /ʃg'irta:n'i:n/ f. Beithíoch beag gearrchosach 20.

sceathrach b. Buinneach (ar bheithíoch) 20.

sceathrachán f. Buinneach. *Bheadh ~ ort* 20.

sceicéoir f. Sceachóir. *B'ait le smólaí scitheóirí na sceacha geala* 24 sceach gheal.

sceid b. 1. Píosa beag, slisín. *Níor bhain mé ach ~ abhus agus ~ thall dhó* 20. 2. Gearradh beag. *Cuirfidh mise ~ iontaí* 20.

sceideáil a. br. Ag déanamh písiní den obair, méirínteacht leis an obair 20. *Ag ~ le pionta* 20, ag blaispínteacht . . .

sceideálaí f. Duine a bhíonn ag méirínteacht le hobair, ag blaispínteacht, ag baint písiní de rud 20.

sceidimínteacht a. br. Sceidínteacht (q.v.) 20.

sceidín b. Ualach beag. *Ná bí ag díonamh sceidíní dhó ach tabhairt leat in aon rópa amháin é* 20.

sceidínteacht a. br. Sceideáil. *Níl sé ach ag ~* 20, . . . ag tabhairt leis ach ualaí beaga (feamainne).

sceimble /ʃg'i:vl'ə/. Deifir mhór, fuadar chun oibre. *Ag imeacht le ~* 20. *Bhí ~ air* 20. *Nach ort aíd an ~!* 20.

sceín b. 1. Solas 'scanraithe'. *Tá ~ sa ngrian anocht* 20. *Bhí ~ an mhurdair ann* 20, . . . cuma fhiáin ina shúile. 2. *Coirce ~* 20, coirce fiáin. *Bláth ~* 20.

sceíneadóir f. Sceíneachán 20.

sceíneáilte aid. Scéiniúil. *Súile ~* 19.

sceínfirteach aid. Scéiniúil, stoirmiúil ar dhealramh.

1. *Bíonn an spéir ag breathnú an- ~* 24 bogann. . . . ach gur fhéach na néalta sceínfirteach agus bagarach 24 dorcha. 2. *Á bhfeicféad na súile sceínfeartach a bhí aige* 24 dorcha. ~ 24A.

sceite aid. bhr. 1. *Tá an bainne ~* 20, tá . . . tosaithe ag briseadh. *Bhíodh a' dlí á fháisce ar go leór acu faoi a bheith a' baint an uachtair dó l'aghaidh na n-úsáid fhéin agus a díol an bhaine ~* 24 uachtar.

2. (a) *Tá na cladaigh ~* 20, tá . . . nochtaíthe, an taoide tráite ar fad. (b) *Tá sí [taoide] ~ amach go hÁrainn* 20, tá sí tráite an-mhór. 3. *Bhí sé [fear] ~ de bharr mná* 20, bhí sé spíonta caite . . .

sceiteoig b. Bliao le duine nó ainmhní a scanrú. *Chuir sé ~ i dtúin na bpáistí* 24. *Nuair a d'aire sé an síonach i n-éadan na gearca chuir sé ~ ina thóin* 24. *Ffr. sciteog.*

sceitheann. Gearrann ina phíosáí. . . . le go bhfuil tú

a' sgeith na gabáiste hana 24. *D'fhág mé an chabáiste sceití dhuit, níl ort ach í a chuir síos* 24. **sceitheoigín** *b.* Duine beag éadrom 19.

sceithire *f.* Ógánach ard. *Casu an t-ógánach seo leis, ~ mór nach mbeach fhios agut an droch-chial nó ciall mhath a bhí aige* 24 *gunna.*

sceitse *b.* 1. Taom beag tinnis. *An bhfuair tú aon ~ dhó?* 20. ~ *fhánach* 20. ~ *tinnis* 20. 2. Tamall beag. *Ní raibh ann ach ~ oibre* 20. ~ *achrainn* 20. ~ *bheag ronnachaf* 20, tamall beag a raibh ronnacha le fáil. 3. Giota beag. *Ní bhfuair siad ach ~* 20, . . . ach beagán (ón uachta).

scian /sɟ'i:n/ *b.* 1. ~ *fhéir* 20, scian le féar a bhaint as an gcoca. ~ *scriosta* 19, scian cúipeára leis an taobh istigh den bhairrille a shnofochan. *Feamainn scine* 33, feamainn a bhaintear le scian. 2. Lann speile. *Coinneó tú 'mach ó'n gclai air fhaitíos go gcasai aon chloch leis a' ~ (a' baint fhéir)* 24 *coinníonn.* 3. *Ba é an ~ sa gcroí liom é* 20, ba mhór a ghoill sé orm. 4. *Níor chuir sé ~ isteach aríst go cailiu é* 24 *gealla, níor stop sé den rud a bhí ar siúl aige . . . Is iomaí fear . . . a bhuaíl faoi ól agus nar chuir ~ isteach go chuir sé i bhfiacha é fhéin* 24 *muinéal. Níor chuir sé ~ isteach gur cha sén phin dheire dhó* 24 *ritheann.* 4. *Sceana, pianta ocras. Bhí sceana orm* 20. *Bhí na sceana cráite orm* 20. 5. (a) *Sceana gréasaí. Dá mbeadh sé ag cur sceana gréasaí agus an ceann géar a bheith anuas díobh . . .* 19, 20, . . . ag báisteach go han-trom. (b) *Ina sceana gréasaí, ina throid an-ghéar. Meireach a' réiteach a díonú bheach sé na sgeana gréasaí* 24 *meireach. . . seachas an lá a raibh sochairde [a] athar a neacha sé gar dó a bheith ina sceana gréasaí* 27.1504. . . go rabh sé na sceana gréasaí i mBled Cliath 27.86.

sciathán /sɟ'i:a:n/ 20, /sɟ'i:ha:n/ 19 *f.* ~ *leathair, fáimleog. Chúig ubh is mó bhíonn i nead a' sgiáin leathair* 24. *Níor thainní sé le na sean-ndaoiné aríomh na sgiáin leathair bhe ag imeacht íseal le tala* 24. *Go dtí an ~ leathair nó éan a' dá rubal - atá an dá ainm air* 27.1421. 2. (Le teach ceann tuí) uachtar bhalla na binne a bhfuil déanamh céimithe air. ~ *na binne* 19. *Clocha sciatháin* 19, 20.

sciathóg /sɟ'i:o:g/ 20, /sɟ'i:ho:g/ 24 *b.* Ciseán beag. . . . *bean a' téacht as Gaillie anois agus scitheóg in a láimh aici* 27.670.

scib sceuib. Sciobadh. *Bhí ~ air* 20, bhí go leor daoine ag iarraidh é a sciobadh faoi dheifir. *Ansin a thosaigh an ~* 20.

scibhear *f.* Scibhéar. 1. (a) *Slaiteín bheag leis an mbaioite a chur uirthi sa bpota gliomach* 20. (b) *Bior i gciór ceann tuí* 20. 2. *Adharc ghéar. Bhí drochscibhears d'adharca uirthi* 20. 3. *Duine drochmhúinte baothchainteach* 20. *Nach é an ~ bradach é* 20. ~ *fiseabhais* [fish-house] 20. *id.* ~ *na siopaí* 20, fear a bheifí a chur ar theachtairachtai chun an tsíopa go minic. 4. *Tá ~ fúithi ag imeacht* 20, tá cuma dhrochmhúinte uirthi . . .

scil *b.* A. *Tá scil aige.* B. ~ *Chormaic i gceac na ngabhar* 19 - gan scil ar bith.

scím *b.* Scéim. *Leoraí na scíme, leoraí na scímeach*

20.

scímeadóir *f.* Scéiméir 19.

scimhíl *b.* Scéimheall. *Bhíodh ~ air lena mbíodh ite aige* 20, . . . bolg amach cosúil le scéimheal ar chruach.

scinéara *f.* Iascán sliogáin atá cosúil le gimlead, faocha bhiorach 19.

scinneann. (Leis an lá) ~ *amach, glanann, feabhsaíonn. Is breá a scinn an lá amach* 20.

scinnideach *aid.* Bríomhar intinneach (le capall) 20.

sciobal *f.* 1. Giobal 20. 2. *Níl ~ aige, níl ~ air* 20, tá sé beo bocht.

sciobalach *f.* Saibhreas. *Bhí ~ air* 20. *Ní mórán ~ ar bith a bhí tiompall air* 20. *Nach breá an rud í an ~* 20.

scioból *f.* 'Ach is fad' ó'n teach mór an ~' mar abraíonn siad 24 *troid, tá scéal eile ar fad á tharraingt anuas anois agam.*

sciochann. 1. ~ *de, bainneann de, tarraingíonn de go sciobtha. An craiceann láidir a sciocadh dhe* 19. *Tá brainse sciochta aige dhó* 19. *Scioc sé an craiceann 'a mhéir* 20. 2. Sciobann, goideann. *Scioc duine eicint uaidh é* 20. *Tá sé sciochta* 20. 3. Scineann. *Scioc sé thart* 20.

sciolaire *f.* Duine ard tanaí. *Sé héin an ~ caol grána* 24. *Bhí cosa an ~ a' líba faoi* 24.

sciolladóireacht *a. br.* *Tá sí cho dona le sgiolladóireacht mhrá na Páirce* 24.

sciollaíocht *a. br.* Sciolladóireacht 20. *Ag ~ ar a chéile* 20.

sciollann. Feannann (le caint). *Má tharfaíon tú ort í sgiola sí an craiceann duit* 24.

sciolpánn. Bainneann giotáí ag. *Tá na cearca ag sciolpádh na bhfataí* 20. *Sciolp sé é* 20. *Ná bí ag sciolpádh* 20 (le duine bhí ag sciolpádh cáca).

scioltach *f.* Písín feola (ar dhuine nó ainmhí). *Fear tanaí árd bhí ann nach ra ~ air a ghial* 24. *Tá do chuid beithí an-chaití, níl ~ aríomh oru* 24. . . . gan scioltach feola air 27.1014, é an-tanaí. *Beithí nach bhfán aon chóir gon [den] rath i gcaitheamh an Gheimhridh, bíonn a Samhradh caite sula bhíonn aon ~ aríst orthu* 27.1461.

scioltar *f.* 1. *Ní raibh ~ air* 20, bhí sé an-tanaí. 2. *Níl ~ ar bheithí inniu . . . sin nach raibh orthu ach fíordhroch phroes* 24.1462.

sciorrachán *f.* Bainis. ~ *bainse* 20. *Beidh ~ beag ann* 20. *Lá ar bith a ndéanadh sé an sciorrachán* 27.335. *Fear mbeach aois a phósta go math aige, is minic a féaraítear [fiafraítear] dhó a bhfuil cainnt a bích aige aon ~ a dhíona* 24. *Is iomaí duine fhánns fíuicha bhéil am na sgiorracháin* 24.

sciordadh *f.* ~ *focail a bhí ansin* 20, focal nach raibh sé ar intinn é a rá.

sciorrann. 1. Titeann go tobann. . . . *nuair a sgiór sé [balla] 24 gar.* 2. Scinneann, fásann go breá. *Bhí sé a' sciordadh isteach na fhear óg san am seo* 27.1425. *Ní raibh sé mór, bhí sé meaití, ach scior sé beagán nuair a bhí sé isteach go maith sna déaga* 27.930. 3. *Leig sí gon teachtaireacht cuiríú leiche sgióra har a cluasa* 24, níor éist sí is níor thug sí léi an teachtaireacht . . . *Córá é bhí a' sgióra hart ó*

- bhéal go béal, má bhfior é 24, . . . ag imeacht thart . . . 4. Sciortradh na cosa uaidh. (a) Theipfeadh ar a dhícheall. ' . . . fear nó bean óg ar bith a mbeadh seans nó deis acu pósadh in uair sin, sciortradh na cosa wof nó dhéanadh siad é' 27.89. Sgiortradh na cosa uait san am nó rachfhá air a rása 27.1332. Sciortradh [= sciortraidh] na cosa uaim nó is agum a bhidheas sé 27.1369. Sgiortradh na cosa bhfoe hal má casaí dó í . . . 24 bean. (b) Dhéanfadh sé a dhícheall. Sciortradh na cosa woe le milseacht agus le bladaireacht gan thú a ghoil amach gan cibé rud a theastai uait a cheannacht 27.889.*
- sciorta** *f.* 1. Beagán. Fós héin tá ~ den fhaitís sin ag imeacht 24 aluachra. ~ gon fhúinne 24 báire. Tá ~ den díth céille air 20. ~ den mhí-ádh 20. D'fhosgail a' sagart ~ gon doras 24 colgach. Is beag duine ar bith nach bhfán ~ beag go thinneas droma 24 droim. 2. Píosa. Chainic sé sciortai móra den drochshaoil 31.
- sciorthóg** *b.* ~ a' muc 31, torthaí an róis fhiáin.
- sciotaire** *f.* Sciotarálai. Sé fhéin a' ~ 24.
- sciotaireacht** *b.* Sciotarail. Cath uait a' ~ sin 24. Lig de do ~ gháirí 19.
- sciotar** *f.* Driodar, droch-ól. Tá sé ina ~ agad 20, ~ le tae lag. Ní bhfuairéas ach ~ na méise 20, . . . driodar.
- sciotarail** *b.* Sciotarail. Is grána í an ~ chéana 24.
- sciteog** *b.* Sceiteog. Ní chuir mé ~ ná scéin innti 27.832.
- scíth** *b.* Ionad (ceaptha) scíthe. An tríú ~ 20.
- sciúrsálai** *f.* Duine a thabharfadh drochbhualadh do bheithíoch 20.
- sciúrt** /sg'ur:rt/. An písin airgid is lá. Ní raibh ~ agam 20.
- sciúrtach**. Sciúrt (*q.v.*). Ní raibh leithphinn ná ~ agam 30.
- sciúrtha**. Caite tanaí. Tá cuma an-~ uirthi 24. Bhí sí ~ tanaí 24.
- sclaibéara** *f.* Clabaire 19, 20.
- sclaibéarach** *a. br.* Clabaireacht 20. Ag ~ chainte 20.
- sclaibseáil** *a. br.* Sclaibéarach (*q.v.*) 19.
- sclátéar** *f.* Sclátar (*q.v.*) 20.
- sclátí** /scla:í:/. Bróg rómhór. Bhí dhá ~ de bhróig air 20. Cá bhfuair tú na sclátíos sin? 20.
- sciamh**. 1. Tafann. D'aithneoinn a' sclabh a chuireadh mo mhada as dá mbeach sé míle uaim 24. Bhí mada mór gliobach sa doras ann, agus chaon sclou aige 24 gliobach. 2. Nuair fuair daoine sclamhanna ocras 32, . . . sceannadh ocras. 3. Giota éadaigh a stróicfí amach. Tá drochbhail ar do chuid éadaí ag na sclabhanaí tá baintí as ag na sceacha 24.
- sciamhadh** *a. br. f.* 1. Ithe amplach. Is ort atá an ~! 20. Ag ~ turnapaí 20 (a bhí na francaigh). 2. Tá sé ag fáil ~ an mhada ó dhaoine 20, . . . droch-íde béil . . .
- sciamhaire** *f.* 1. Duine a d'íosfadh go leor go hamplach 20. 2. Fuilleach an phráta tar éis na scealláin a ghearradh as 20.
- sciamhaireacht** *a. br.* Siorchaint ghleomhar ghránna
- 20.
- sciamhairt** *a. br.* 1. /sglawort'/. Ithe amplach. Bó a bheadh ag ~ fataí 20. 2. /sglafort'/. /sglaurt'/. Tafann. Is mór a seó madarai a' sglourit ar a scáile héin ó ghealaí 24 scáile. Madarai a' sclafairt 24. Ag sclafairt ar a chéile 20.
- sciamhann**. Déanann tafann. Sclabh sé orm is mé goil har a' tsráid . . . 24.
- sclátar** *f.* 1. ~ de pháipéar 20, píosa mór páipéir. ~ de cháca bacstí 20, cáca mór . . . Tá siad [bróga] ina sclátars 20, tá siad an-mhór. 2. Duine mór leathan 20. ~ óinsí 20. ~ mór 20.
- scliotar** *f.* 1. Alpaire 20. Déanfadh sé ~ dhó fhéin 20. Ag imeacht ina ~ chuile dít 20. 2. Cabaire míchuibhiúil 20.
- scliotrachán** *f.* Scliotar (*q.v.*) 20.
- scliotrálai** *a. br.* 1. Súdairacht, pótaireacht 20. 2. Claibéireacht míchuibhiúil. Ag ~ chainte 20. Ag ~ bhréaga 20. Ag ~ mhagaidh 20. 3. Deifriú ó áit go háit agus ag cur isteach ar dhaoine 20. Ag imeacht ag ~ ó theach go teach 20.
- scliotrálai** *f.* Duine a bhíonn ag scliotrálai (*q.v.*) 20.
- sclíte** *f.* 1. Alpaire 20. 2. Cabaire míchuibhiúil 20.
- sclíteach** *f.* 1. Cráin mhúice dho-cheansaithe 19. 2. Sclíte (*q.v.*) 20.
- sclítéara** *f.* Sclíte (*q.v.*) 20.
- scliútar**, scliútrachán, -tráil, -trálai : scliotar, -trachán, -tráil, -trálai 20.
- sclog** *b.* 1. Bolgam dí. Ól ~ as 19. 2. Gáire bog scornúil. ~ gháirí 20. Chuir sé ~ as 20. 3. ~ sclog. Bheadh ~ sclog acub 19 - le torann a dhéanfadh bróga lán le huisce nuair a bheifí ag siúl iontu.
- sclogail** *a. br.* 1. Gáire bog scornúil. Ag ~ gháirí 19. Lig de do chuid ~ 20. 2. Clabaireacht chainte is gáire le chéile 20. 3. Glór na circe goir. Bíonn an chearc ag ~ 20. ~ ghuir 20. 4. Fuaim ag uisce i mbróga, ag an taoide sna clocha, etc. Tá mo chosa ag ~ síos aníos sna bróga 19.
- sclogaire** *f.* 1. Duine a bheadh ag sclogail gháirí 20. 2. Pótaire 20. 3. Claibéir 20.
- sclogaireacht** *a. br.* Sclogail (*q.v.*) 19, 20.
- sclogariach** *b.* Cearc ghoir 20. ~ a' guir 20.
- scloig** *b.* 1. Slog. D'ól sé ~ as 20. ~ a bhaint as 20. 2. 'Muineál' buidéal, ~ buidéal 20. Tá sé [fear] lán go ~ 20 [le hól].
- scloigéara** *f.* Sclogaire 20.
- scloigéarach** *a. br.* 1. Sclogail gháire 20. 2. Pótaireacht 20.
- sgluit** *b.* 1. Duine tanaí 'folamh'. ~ chaite 20. Tá sé ina ~ 20. 2. Bó mhór thanaí 20.
- scluitéara** *f.* Scliotar (*q.v.*) 20.
- scluitéarach** *a. br.* Scliotrálai. 1. Ag imeacht ag ~ 20, . . . ag súdairacht. 2. Ag ~ chainte 20.
- sclóimóg** *b.* Slog. Bhain a' chéad fhear ~ as 24 scallann. Bhain fear acu sclóimóg as an anraith 24.
- sclutach** *aid.* Caite tanaí folamh (le duine nó beithíoch) 20.
- scluitaí** *aid.* Caite tanaí folamh 20. Tá sí [bó] ~ 20. . . do bholg a bheith ~ 20.
- scodal** *f.* Duine ard tanaí. Nach í an ~ í 20. ~ de dhuine 20.

scóid. Sráid tí. ~ *amach*, an tsráid amach. *M'anam go bhfuair sé ~ amach go scufánta* 19, . . . gur cuireadh amach [as an teach] go sciobtha é. *Tabhair ~ amach ar an tsráid dhó* 19, caith amach ar an tsráid é.

scóidín. 1. Böithrín beag gearr ag dul isteach chuig teach nó chuig garraí. *Bhí cár a' tsagairt in a sheasa ag ceann a' scóidín . . .* 24. 2. 'Sráid' cúil tí. *Leag amach sa ~ an cliabh . . .* 24. *Fua mé amach doras a' ~* 24 tinn. *A' caitheamh an leiceann amach sa ~* 27.348. 3. Garraí beag (le hais tí). *Ní rabh talamh ná trágha acu ach ~ beag ar chúil a' tí nár bhfu a chur* 24 leiceann.

scóig f. Scornach. *Tá tart ar a ~* 20.

scoil b. 1. *Ní fhaca sé doras theach na scoile taobh istigh ariamh* 20, ní rabh sé ar scoil riamh. *Mara raibh mé ar scoil chonaic mé na scoláirí* 20, . . . tá eolas éigin agam. 2. Oideachas, foghlaim. *Ní raibh focal scoile ar bith aige* 19. *Gan scoil gan foghlaim* 19. *Ní raibh mé ag aon ~ ariamh agus ní aon ~ a'm* 19. *Mhúineadar ~ dhób, ~ bhredá* 19. 3. Léamh agus scríobh. *Bhí ~ mhaith Bhéarla aige* 19. *Bhí ~ acub ach ba í an ~ Bhéarla í* 19. *Bhí an i-an ~ Ghaeilge aige* 19. *Bhfuil aon ~ a'tsa?* 19. *Deabhal oiread scoile aige is a chuirfeadh marc ar chaora* 19.

scoilteach f. Dathacha. *Cruiplithe ag an ~* 19. *Tá an ~ go dona* 19.

scoilteadh f. 1. Roinnt chothrom idir dhá thairiscint. *Biodh sé díoltai ceannai ar a' scoilte* 24. *Cháil tú é nach rinne tú an scoilte an uair sin* 24. 2. *An chéad treise móna a bhaineas fear ar phortach 'scoilte' tugtar air, agus woe sin amach 'cois' 24.*

scoilteann. 1. *Scoilte an bord!* 10, leag mámh maith (cartaí). 2. *Scoiltear caint* 20, déanfar go leor cainte. *Is mó caint a scoilt sé ná . . .* 20. 3. *Ná bí ag scoilteadh na gaoithe chomh mór sin* 19, ná bí ag dul chomh géar sin ar an ngaoth (ag seoladh). 4. Gearrann aicearra. *Scoilte siad treasna an sliabh áit nach ra baol ná contúirt go bhfeicf iad* 24. 5. Osclaíonn portach. *Scoilte mé cois eile i mbliana* 24. 6. *Go scoilte an deoul ú ar áit na mbonn!* 24 - eascaine.

scoilteog b. Scoilteán (práta) 24. *Ná fág ar a' ~ ach siúl amháin má fhéatann tú* 24. . . . gearrtar na fataí in a scoilteoga agus cuirtear iad 24 fata. *As a' mbachlóg nuair a curtar a' ~ a fhásanns a' gas* 24 bachlóg.

scoirdín f. Scoirín (q.v.) 20.

scoirneach f. Cleith mhór fhada de dhuine 20.

scoirnealach f. Duine mór scolbánta cnámhach 20.

scoirín f. Pionna na coirbe 20.

scoitheann. *Scoith siad leob* 20, d'imigh siad leo.

scoithín f. Bod gasúir 19, 20. *Tharraing sé an craiceann siar á ~* 20.

scoits. *Thug sé ~ dhá theanga dhuit* 19, . . . léasadh teanga . . .

scoladh f. ~ *na cuinneoige*, léasadh teanga. *D'fhách siad sin sgóladh na cuinneoige* 27.675. *Thosa sé a fáil ~ na cuinneoige ón máthair 24 fíléar. Tá sí réis scoila na cuineoige a thóirt anois dó* 24.

scoláilann. Baineann na hadharca de. *Nuair a scoldálfar iad* 19. *Caithfear iad sin a scoldáil* 19.

scolb f. ~ *i bhfalach* 20, scolb díreach a chuirtear ar an díon, agus scolb lúbtha á fhórstú. *Cuirfidh mise i dtalamh ort!* 20, brúfaidh mé fúm thú.

scolbánach f. Fear óg lúfar láidir 20. ~ *láidir é* 20.

scolcaera f. Súdair 19.

scolcaeracht a. br. Súdairacht 19. *Ag ~ pórtair* 19.

scológ b. Fear gléasta pointeáille 20. *Is deas an ~ é* 20. *Scológín ghlan phioctha* 19.

scólta aid. Lom gan clumhach (le héin óga) 20.

scoltair b. 1. Spás idir dhá charraig. *Sfos sa ~* 19.

2. Carnán cloch. *Chaith tú isteach ar an ~ cloch mé* 19.

scománach f. Fear mór cam láidir 20.

sconnachán f. 1. Fear ard caol 20. ~ *a bhí chomh fada liom* 19. 2. Muc ard chaol. *Dhiún a raibh sa gceann [muc] eile ach ~* 20.

scor f. Sciar (pingin) sa 'bplosa' (q.v.) ag cluiche cártaí. *Cé mhéad ~ atá tú ann?* 20.

scorach f. Fear láidir. *Is deabhaltai an ~ fir é* 20.

scoráilann. Scorann 20. *Ag scoráil driseachaí* 20.

scornach /sgournæx/ 24; /sɡo:rnæx/ 20. Scroig (buidéil). *Ní shé an déanamh céana atá ar ~ chuile bhuidéal* 24.

sooth b. An chuid d'éireaball na bó atá ina fionnfadh. . . . *tharraing ceann acu an ~ agus go fada le troith gon bheo go dhriobal a' cheann eile* 24 ceanglaíonn.

soothach f. 1. Bod gasúir 20. 2. ~ *Aibreáin* 19, feamainn áirithe a thagann isteach faoi Aibreán.

soothachán f. 1. Eireaball fionnaidh 19. ~ *na bó* 19. 2. Féasóg 19.

soothcháirín f. Cairrín leath-mhór. *Tá ~ deas aige* 20.

soothcheangal f. Ceangal réasúnta maith 20.

soothóig b. ~ *shíoda*, caitín coill. *Ar choul is mó fhásanns a' ~ shíoda* 24. *Sfh. Eidir Nolaic agus Féil Bríde sea fhásanna a' ~ shíoda* 24. *Ffr. scufóg.*

sooth-thachtadh f. Leath-thachtadh. . . . *go dtugach sí sooth theachta dui* 24 gorta.

sooth-ualach f. Ualach réasúnta mór 20, 19.

scrábach aid. *Siúl ~* 20, siúl ag cuimilt na gcos dá chéile. *Nach ~ uaidh siúl* 19.

scrábachán f. Duine a shiúlann scrábach (q.v.) 20.

scrábánach f. Scrábachán (q.v.) 19.

scráib b. 1. Riar, roinnt. *Bhí ~ mhaith chainte aige* 24A, bhí sé ag gealladh go ndéanfadh sé seo siúd. ~ *uabhair* 24, roinnt uabhair. *Sén ~ uabhair a bhí in go léor acu an cionta bhí leis* 27.1167. ~ *láin* 20, brat láin (ar phrátaí). *Bhí ~ neart ann* 20. 2. Babhta troda. *Níl baile ar bith nach dtagann cour ~ ann anois is arís* 24 cath. . . . *i ngeall air a' ~ bheag achruin a bhí 'guibh* 24 donaigh. 3. ~ *creige* 24A, cloch mhór leathan garbh.

scráibín b. 1. Hata beag lioctha, cáibín. *Cuireadh ó chearalaidh go ~ é* 19. . . . *ó shaibhreas go bochtaineacht.* 2. Duine gioblach. *Nach é an ~ stialla é* 19.

scráibíneach *f.* Duine beag gioblach. ~ *beag as Conamara* 20.

scráibseach *b.* Sraoill de bhean 19.

scráidíneach *f.* Duine beag mishlachtmhar gioblach 20.

scraidí /sgradi:/ *f.* Duine díomhaoín bothánach 19.

scraiste *f.* 1. Duine mór láidir cam (ní call dó bheith leisiciúil). *Is deabhlaf an ~ d'fhear é* 20. ~ *de bhean mhór* 20. 2. Maide áirithe de chuid sheol an fhiodóra 20 (?).

scraisteoireacht *b.* Luí fada sa leaba. *Éirigh suas feasdach agus ná cath an lá a' ~* 24. *Rinne tú do shá ~, má bhí math ann* 24, d'fhan tú sách fada sa leaba . . .

scraith *b.* 1. *Is fad an lá ~ agus fód orthu uile* 27.1383. 2. *Tá mé ceapadh gur fuisce a rinne ~ dhe* 19, . . . a leag é. *Rinne sé ~ ar an mbóthar* 19, thit sé . . . 3. (a) ~ *ghlugair* 20, duine bog ramhar. (b) ~, duine mór trom leisiciúil 20. *Is tí an ~!* 19. *Is deabhlaf an ~ de dhuine é* 20. (c) ~ *mhagarlach* 20, duine gioblach salach piosáilte. (d) ~ *veaití* / . . . v'atí:/, ~ *vataí* / . . . watí:/ 20, duine díbheo gan fuinneamh gan fáscaidh. *Éirigh is ná bí i do ~ vataí caitte ansin* 20. 4. Drochchartaí. *Tá an ~ aríst a'm* 20. *Tá ~ veaití a'm* 20, *id.*

scramaire *f.* Duine fada cam. *Bhí mé suas i mo ~ mhór chríonna* 32. *Scramairí as Conamara* 20.

scrataí *f.* Leisceoir. ~ *na luaithe* 20, leadaí na luaithe.

scrathachán *f.* ~ *glas* 20, fear mór mall faoi chulaith ceann easna.

scrabachán *f.* Garraí tanaí 20, 19.

scréachadh *f.* Stoirm. . . *gur gearr go mbeadh sé ina ~* 19. *Tá an lá ag teacht ina ~* 20, ina stoirm is ina bháisteach. *Bhí sé ina ~ báistí* 19.

scréachail *b.* Scréachach 20. *Bíonn ~ mhór ag grabairí* 24.

scréachán *f.* Duine a bhíonn ag scréachach 20.

scréachann 1. Éiríonn garbh. *Scréach an fharrage suas* 20. 2. *Ag scréachadh* 19, ag báisteach go tréan.

scréachta *aid.* *Dearg ~* 19, dearg scanraithe.

scread *b.* 1. *Tá sí ~ asail uainn. Ní chloisfidh sí é* 19. ~ *chasta ort!* 20 – eascaine. *Ghabhfadh sí trí chlár daraí an ~ a chuir sé as* 20. 2. *Clocha ~* 19, clocha péire.

screadaíl *b.* Screadach. *Bíonn ~ mhór ag éanachai i ndroch-aimsir* 24.

screamhach. ~ *iongan* 20, scafach iongan.

scriobadh *a. br.* Teagbháil le, cuimilt le. *Ag ~ leis an uaisle* 20. *Ag ~ leis an nganntan* 20. *Ag ~ leis an mbochtaineacht* 20.

scriochán *f.* Práta beag. *Níl iontab ach scriocháin* 19. *Tá go leor scriocháin sna fataí sin* 20.

scriosadh *f.* An chairt shalach a scriosfaí de rud. *Dheamhan ceo a bhainé daof* [de na simléir] *ach a' scriosa* 24 *Nollaig*.

seriosadóir *f.* Creachadóir (de shiopadóir), duine an-chaipeach 20. ~ *iad lucht na siopaí* 20.

serios leads *iol.* Buachaillí báire 20.

scriú. 1. *Ní raibh ~ aige* 20, ní raibh pingin rua aige. 2. *Tá ~ ocrais orm* 20, tá scanadh ocrais orm.

scroitse. 1. *Tá ~ de ghearradh orm* 20, gearradh beag. 2. *Faobhar. Chuir mé ~ ar an rásúr* 20.

scrománach *f.* Duine mór cam láidir 20.

scrub *b.* 1. Gramaisc. *An ~ sin siar* 20. ~ *ghaslúir* 20. ~ *na bhfaochan* 20. 2. Caitheamh suas milseáin os cionn scata páistí le go bhfeicfí iad á sgiobadh. *B'íontach a' spóirt a d'fhách muintir a tí mhóir air a' ~* 27.200. . . . *a' ceannacht na maidí milis agus oráistí agus í a' deanamh ~ d'fobh air na grabairí* 27.427.

scrubachán *f.* Droch-oibrí. *Níl ann ach ~ ag obair* 20.

scruball *f.* Scrupall. *Duine a mbeadh ~ aige in do chúis is go ndéarfá gurb é do charaid é* 20.

scrubarnach *f.* Bodóg gan mhaith. *Fán chuile chineál ~ tarbh ansin* 24 *bodóg*.

scrúdadh *a. br.* Céasadh d'uireasa ruda. *Is ann a bhíonn an ~* 20, . . . an céasadh (d'uireasa tobac). . . . *go raibh siad ag fáil ~ plúir* 20, . . . céasadh d'uireasa plúir.

scrúdtha *aid. bhr.* 1. Céasta. ~ *leis an ocrais* 19. 2. Céasta d'uireasa ruda. . . . *go raibh siad ~ g'uireasa plúir* 20. 3. An-santach chuig. *Tá seisean chomh ~ anois ag síog a fheiceáil* 20. *An fear is ~ i ndiaidh na Caeilge a chonaic mé riamh* 20. *Tá siad ~ dhá iarraidh* 20.

scruib. Brat éadrom. *Chaith mé ~ lán air* 20.

scruiú *b.* 1. Muineál buidéal 20. 2. *Lán go ~* 20, (duine) lán le bia, le deoch. 3. *D'ól siad an ~ deiridh as* 20, . . . an deoir dheiridh as.

scrúta. 1. Criathar garbh 20. 2. ~ *an cháca* 20, trádair de shreangán miotail a bhfuil poillíní ann, ar a leagtar cáca á fhuarú.

scrúineáil *a. br.* *Ag ~ ghainimh* 20, ag criathrú gainimh.

scrúnlach *f.* Dríodar. ~ *na méise* 20.

scrupsaí. Scrub 2 (*q.v.*). *Ag fuagairt ~* 20.

scuab *b.* 1. ~ *a bána* 19, scuaba a dhéantar de mhóing mheara. 2. ~ *sráide*, scuab géaird. *Sa nGimre is mó fheileann na scuaba sráide* 24. 3. ~ *lán* 20, brat éadrom lán [ar phrátaí].

scuabann. 1. (a) *Go scuaba an deabhal as Éirinn thú!* 19 – eascaine. (b) *Scuabadh an cloigeann dó* 20, baineadh . . . d'aon iarraidh. 2. *Tá scuabadh chlár an éadain tugtha a'd air* 19, . . . scuabadh éadrom . . . [ar an urlár]. . . . *bhfeárr liom a' scuabadh na sráide ná an catha saoil atá orm* 24 *bailiú*. 3. Léimeann. *Scuab sé an claidhe* 20. *Scuab sé d'aon airraidh é [geata]* 20. 4. *Scuabadh, ceannach mór tapa. Go bháir a' scuaba fuair stuc ar an íonach deire, beidh siad daor* 24.

scuadar *f.* Buinneach 20.

scuaibín *b.* 1. *Tá ~ faighte aige* 19, tá sé gafa amú. 2. *Ag imirt ~* 20, cluiche cártai áirithe.

scuaid *b.* 1. Scata. *Tá scuaid gowna beaga aige* 24 *gamhain*. 2. ~ *cac faoilleáin* 20, seabhac cac faoilleáin.

scuaideog *b.* 1. Cailín óg aerach 20. *Sib na ~ a' ag imeacht* 20. 2. Bean chaol faoi éadach fada 20.

scudal *f.* Duine tanaí. ~ *caol caitte* 20.

scuapachán *f.* Scrubachán. *Cuir a' ~ sin anois an*

áit dhó héin 24. *Buicéad a' scuapacháin* 24.
scufal *f.* 1. Duine tanaí gioblach, scofall. *Cé raibh tú anois a scuifail?* 20. *Ag imeacht i do ~ ansin* 20. *Tá tú i do ~ aige* [ag an éadach] 20. 2. Giobal fada tanaí, éadach tanaí. *Is ort atá an ~ 20. Scuifailín de ghúna* 20.
scufóg *b.* Scothóg (ar chúis seáil) 33.
scuifeach *f.* Flúirse óil is beatha. *An té a mbeadh neart airgid aige, bhí ~ aige* 20. *Beidh ~ bainse a'inn* 20. *An raibh ~ ann?* 20. *Caith síos ~ tae* 20.
scuille *f.* ~ *cisteanaf*, leadaí luaithe. *Téirigh amach ar cuairt is ná bí i do ~ cisteanaf ansin* 20.
scuindl /sgin'dl'/ *b.* Duine mór tanaí. ~ *mhór fhada* 20.
scuit /sgut/ *b.* Bithiúnach, duine suarach. ~ *bhradach* í 20.
scuitéara *f.* Scuitsear 20.
scuitse *f.* Cailín ard dathúil. *Ní bréag a rá nárbh í an ~ breá* í 24. *Nach é an truaí nach bhfuil a leithidí go scuitse breá 'fáil fear* 24.
scuitsear, **scúitsear** *f.* 1. Duine díomhaoín 20. 2. Bithiúnach 20. 3. Capall mór. ~ *mó de chapall* 20.
scúltrach *f.* Grúnalach, dríodar. *Níl ann ach ~ 20*, - le tae a bhí thíos le fada. ~ *caife* 20. ~ *na méise* 20.
scúinar *f.* 1. Duine mór. ~ *de bhean* 20. 2. Ainmhi mór. ~ *de chapall* 20. *Nach í an sean ~ í* 20 - le seanchapall. 3. Deoch mhór. *D'ól mé ~ pórtair* 20.
scunc *f.* Muc chaoil ard. *Níl inti ach ~ muice* 20.
scundrail. Bithiúnach. . . . *g'eascainí chinntí ghéar air na scundrailí gan spalpas gan náire* 24 ceanglaíonn.
scúnlach *f.* Scrúnlach (*q.v.*). *Fuair mé pionta den ~ 20. Ní raibh ann ach ~ 20. ~ tae* 20. *Ba é ~ na méise a thug mé dhó* 20.
scúpann. Fómhaíonn (istigh). *Scúp a' maisín mór tóin na h-abhna go math* 24. *Tá droch-bhail ar na turnapaí, tá siad scúpaí [ar] fad ag na caoire* 24, . . . tá an croí ite astu . . .
scutar *f.* 1. Dríodar. *Rinne tú ~ dhó* 20 - le tae lag. ~ *na méise* 20. 2. Rud gan mhaith. *Ní bhíonn acub sin ach ~ d'amhráin* 20.
sea. *Ní féidir sea ná ní hea a rá* 19, ní féidir freagra cinnte a thabhairt.
seabhac *f.* 1. ~ *cac faoilleáin* 20, scuaid cac faoilleáin (*q.v.*). 2. Diabhal. *T'anam ná ra aige a seouc* 24 *falaíonn*. *Tá an seouc ar chuide go na daoine le bhfuil le rá acu* 24. *Tá an seouc ar fad air ag ól anois* 24.
seabhain. Agall ag glooch ar chaoirigh. *Nuair a deir sé 'seouin' na h-an-bhéice, d'aire sé mar bheadh guth eile á rá na dhiaidh* 24 *macalla*. *Má airíonn tú fear a gcoilu seo 'guinne gon tír a rá 'seouin, seouin' in a shean-bhéice féata tú a' leour a thóirt gur a' glooch ar chaoire atá sé* 24.
seabhain /jau:n'/ *f.* Focal a deirtear ag peataireacht ar uan 24A.
seabht /jaut'/ *f.* 1. Múr mór báistí. ~ *báistí* 20. *Tá ~ eile air* 20. 2. Riar mhaith óil. *Thug sé ~ óil dhúinn* 20.
seacáilte *aid. bhr.* 1. ~ *leis an bhfuacht* 20, préachta

. . . *Tá na fataí ~ 20*, . . . *fuair*. 2. Cruaite (ag tagairt do stroighean) 20.
seachaint *a. br.* . . . *dá gcuiread in aghaidh in uair sin, bhí do sheachaint air* 27.360, bheadh ort é a sheachaint feasta.
seachnaíonn. *Seachain a bhfuil suim ar bith anois sa ngoid* 20, ná bí cinnte go bhfuil . . . A. *Bhí* . . . B. *Seachain a raibh!* C. *Seachain nar raibh!* 20, ná bí cinnte nach raibh.
seachrán /juxra:n/. *Ní thiochfaidh sé ar fán ná ar ~ uaidh* 20, ní rachaidh sé uaidh, tá airdeall maith á choinneáil aige air. *Tá fán is ~ orab* 20.
seacht *aid. uimh.* 1. (Focal treise). *Chuir sé ~ lagur dhuiche go maidín* 24 *púca*. *Dhionfá ~ n-íontas dhó* 20. *Cuiríú ~ ndeifir leis a' coinne an dochtúir g'fhear a' tí* 24 *luath*. *Dá ndíonach siad ~ leath dhá ndícheal, ní ra siad in an coinneáil leis* 24 *coinníonn*. *Bhí siad as na ~ bparáiste ann* 24 *cna*. *Dá dtugadh sé na ~ leabhar ní thabharfaínn isteach dó* 27.1302. 2. ~ *déag*, go leor. *Chuir sé ~ scéala déag ag rá liom a theacht* 20. *Tá ~ gcineál déag acub ann* 20.
seachta *aid. bhr.* Préachta 19.
seadán /juda:n/. Seagán. *Múitín siodáin* 31, púirín seagán. *Tá sé ina mhúitín siodáin agut* 31, tá sé [talamh] glanta, saothraithe, ullamh le cur.
seadánach /juda:nəx/ *aid.* Ceathánach. *Lá ~ báistí* 20.
seadbháisteach : **siodbháisteach**.
seafal *f.* Beart dícheillí, botún. *In athroinnt na ngóltais a rinne lucht a roinnte an ~ 24 slat*. *D'innis sé dó an ~ a d'éirí dhó an lá ar foc mé an cíos leat* 27.946. *D'éire ~ beag dom* 24 *cuireann*.
seafóidín *b.* Duine seafóideach 20.
seaicéad *f.* ~ *sciorta* 20, seaicéad eireabaill. *Ffr. jaicéad*.
seáilín *f.* ~ *cloiginn* 20, seál beag don chloigeann.
seainf. ~ *na coise*, droim na coise. *Pian í ~ mo chois* 19.
Seáinín *a. díl.* ~ *na dturnapaí* 20, dreolán teaspaigh. ~ *í uisce* 20, feithidíní beaga a bhíonn ar an uisce sa tobar.
seál *f.* ~ *póca* 20, naipcín póca.
séala *f.* Seoladh ar litir. ~ *a chuala mise riamh le 'address' 24 sciorraadh*. *Catha sé nach ra an ~ ceart ar a' letir agut le nach bhfuair sé í* 24.
seala *f.* 1. Sealbhán. *Tá sé a' cuir muca 'mach 'na sealtachai . . . 24. Cailiú éiníní beaga 'na sealtachai . . . 24. Seala uain* 24. 2. Scata daoine. ~ *bacaigh* 20. *Hainic daoine 'na sealtachai ann as chuile chéirta gon tír* 24.
séalaíonn. Síothlaíonn. 1. *Shéala an tobar go breá aríst* 24, thit an salachar go tóin is ghlan an t-uisce. *Fataí a shéalú* 20. 2. *Tá sé séalaithe* 20, . . . *básaithe*. 3. *Cuireann trí shíothlán* 20.
séalán *f.* Síothlán. 1. Taomán. *Tá an ~ bhí sa mbád imí* 24. 2. Cupán a chuirtear anuas ar chlaibéad na cuinneoige. *Rinne ~ na cuinneoige dha leath* 24. 3. 'Strainer' 20.
sealmóg *b.* Saithe beach 31.
séama : **síoma**.

seamair *b.* Ádh. Tá an t~ aig Conaill Pheadar Bhetty nó imeadh siad amach 27.312. . . . tá an t~ aige má dhionann sé é 24 olaíonn. Is mílteach a' gortú d'oeri dhó, tá an t~ aige má thagann sé as 24 gortú.

Séamas *a. díl.* Buachailí Shéamais 27.32, sióga.

seamhair *b.* Seamair. An t~ Mhuire 20, seamróg na gceithre chluas. Dá seasfá ar an t~ Mhuire bhí tú in an na hainmhithe agus na héanacha a thuiscint 19.

seamlas *f.* Bean seamlais 24A, bean díolta éisc (as ciseán ar an tsráid).

seamra *b.* Seamróg. Rúinne den tseamra 20.

seamsóg *b.* 1. Rumex acetosella, 'sheep sorrel' 20. 2. Is mó ná an t~ é 20, is measa é ná aon tubaiste dá dtarla go dtí seo.

sean *aid.* Chomh ~ leis an gceo 19, . . . le cailleach an cheo 32, . . . leis na ciarógat 19, . . . leis na cnoic 31.

sean- Mór. (Ní dóigh go n-úsáidtear aon cheann de na focail leis an *sean-* sa chiall seo gan *aid.* *sheal.* roimhe, ach amháin *sean-eire*, nach dtuigtear mar chomhfhocail anois).

séan *f.* Rath, sonas. 1. ~ ar do shaol 20 - guí. 2. Níl sásamh ná ~ le fáil air 20. Nuair a bhíonn na fataí fuar ní bhíonn sása ná ~ tonntú le n-iche 24 fuar.

séan *b.* Sian 24.

séanail *a. br.* Sianail 24.

sean-ancaire. Tá sí ina shean-ancaire thuas 19, tá sé róshean le corraí amach.

séanann. 1. (Le ar). 'Séana sé ar shagart a' phar-díste' deir sé 'ní airíom ortsa' 24, séanfaidh sé rud agus é ag caint leis an sagart . . . 2. Shéan sí siar i mo bhéul nach mbu leiche na géamha 24. 3. Tréigeann. Nach barúil a chaora í sin a bhfuil a cúpla uain séantaí aici? 24.

seanathair *f.* A sheanathair mór 19, a shin-seanathair.

seanbhéasach *b.* Seanchailleach 20.

seanbhéic *b.* A sheanbhéic 20, béic chomh hard is a bhí sé in ann a lígean.

Seán Bradach. Fiach Sheáin Bhradaigh, díbirt, ruaigeadh. D'fhuagair mé oru . . . go gcuireach sí fiach Sheáin Bhradaí oru gon phortach . . . 24 maitheas. Cuiriu fiach Sheáin Bhradaí n-éanacht air 24 pósann.

seanbhuille *f.* A sheanbhuille 20, an buille ba láidir aige.

seanbhun *f.* Rúta seanfhiacaile. Tá ~ na mallacht agam 24A. ~ gránna 24A.

seanchabaireacht *b.* Seanchaint ag garsún óg. Tá ~ mhath aige 24 cabaireacht.

seanchaite *aid. bhr.* Caite le fada. Nach bhfuil sé ~ aige! 19, nach bhfuil sé [tae] caite le tamall fada aige.

seanchasáí *f.* Seanchaí 20.

seanchiall *b.* Ciall duine fhásta. . . . bhí ~ mhaith agam nuair a bhí fhios agam nár bheadh 27.1303.

seanchladach *f.* Cladach garbh a mbeadh oibriú mór farrage ann is carraigreacha amach sa bhfarrage ann 19. Carraigín seanchladaigh 19. Feamainn

seanchladaigh 19.

seanchoc *f.* Seanfhear tí. An ~ se'a'inne 20 (bean á rá faoina fear). Tá an ~ istigh 20.

seanchraiceann *f.* Talamh sean-chraicinn 20, talamh atá bán le fada.

seanchruachán *f.* Buachailí láidir timpeall 13 nó 14 de bhlianta. Ná díon aon iontas dhó sin, tá sé sin ina ~ 20.

seandeoch *b.* Deoch mhór 20.

seandíonta. Tá sé ~ a'd 19, déanta le tamall maith agat.

seandorna *f.* Buille mór dorna 20.

sean-eire /ʃan'ir'ə/ /ʃan'er'ə/ *b.* Ualach trom. Bhí sean-eirí fraoigh orthub 20. Bhí a shean-eire mhór sa méid sin 20. Bhí ~ duine ar bith ann 20.

sea(n)gán /ju(n)ga:n/. Siongán clóca 19, siogán sciathánach 20, seangán a bhfuil sciatháin air.

seanghámaí *iol.* Cainteanna ar chúrsaí ban ag fear. Cineál piteog g'fhear . . . is minic a airreóds (sic) tú na ~ [aige] 24 gámaí.

seanghasúr *f.* Gasúr idir timpeall 15 is 18 mbliana déag 20. Seanfhear agus ~, níor mhaith dhuit iad a tharraingt ort 20.

seaniarraidh *b.* Seanbhuille (q.v.). Mo shean-iarraidh 20.

seanláimh *b.* Seanchleachtadh ar obair áirithe. Tá ~ agatsa 20.

seanlaoch *f.* Seandúine láidir. . . . an chabhair a gheobhain ó choursheanlaoch a bhí ar an mbaile . . . 27.1.

seanlatarnach. Seanghliogar de rud gan mhaith, seanchapall gan mhaith 20.

seanleagáistí. 1. ~ Gaeilge 20, seanleaganacha Gaeilge. 2. Seanábhair achrainn 20.

seanleambh *b.* Buachailí nó cailín suas go dtí timpeall dhá bhliain déag. Níl ann ach ~ 20. Cuimne seanlinbh 20.

seanleasaithe *aid. bhr.* Leasaithe le feamainn roimh Nollaig 20.

seanleidhce. Buille láidir 20.

seanléim *b.* Léim mhór 20. 1. . . . ina sheanrith agus ina ~ 20. 2. Tá mo shean-léim is mo shean-bhroim i gcónaí a'm 19, tá mé lúfar láidir i gcónaí. 3. Bhí an t-athair 'sa mháthair ann agus iad na ~ san am chéana 24 pósann, . . . go beo bríomhar.

seanmhada *f.* Ní ra áird ~ ormsa . . . 24 creistiúint, ní raibh áird ar bith orm.

Seán mhac Chúil. Tá sé chomh maith agam fearacht Sheáin a Chúil a dhéanamh 19, . . . imeacht anois ó tá béile ite agam (focal a déarfai go leathscéalach).

seanmháistir *f.* Seanfhual a choinníte le haghaidh níocháin, agus i gcúrsaí pisreoga 20. Buail an ~ uirthi 20.

sean-neart *f.* Chuir mé mo shean-neart air 20, tharraing mé é [rópa] chomh tréan is ab fhéidir liom.

seanóltach *aid.* An-óltach 19.

seanórach *aid.* 1. Sean-fhaiseanta 20. 2. Seanchríonna 20.

seanorchar *f.* Urchar láidir 20.

seanphósadh *f.* Is é an ~ anois aici é 19, tá sí ag

pósadh anois ach tá sí ró-shean.
seanracht *f.* Racht mór (gáire) 20.
seanraite *aid. bhr.* Tá sé ~ *acub* 19, tá sé ráite go minic le fada acu.
seanriadaire *f.* 1. Seandúine nach mbeadh in ann a bheith ag obair 20. 2. Seanfhear glic eolach 20. 3. Gasúr seanchríonna 20.
seanriadóir *f.* Fear mór seanchais 31.
seanriaráistí *iol.* 1. Sean-ábhair achrainn. *Ná bí ag tarraingt anuas* ~ 20. 2. ~ *Gaeilge* 20, sean leaganacha Gaeilge.
seanrith. *Ina sheanrith* 20, é ag rith ar a dhícheall.
seanruacán *f.* Seanfhear cruachúiseach láidir. *Nach é an ~ é ag imeacht ag 'disco'* 20.
seanrútaí *iol.* *Ag tarraingt anuas* ~ 20, . . . sean-ábhair achrainn.
seans *f.* 1. ~ *go*, is dóigh go. ~ *gur siar a chuaigh sé* 20. 2. (Ag deireadh abairte) *Sin é an ceann a mbíonn an dusta ag imeacht as*, ~ 20. *Níl sé ag goil thairis sin*, ~ 20. 3. *Ní thiúrfá mórán sa ~ anois air* 20, ní chuirfeá geall mór anois air [fear a bhí tinn - go mairfeadh sé]. *Ní thiúrfainn cnaipe sa t ~ air* 20, ní chuirfinn geall cnaipe go n-éireodh leis. 4. *Tá sé ar a sheans go . . . 32, tá seans go . . . 5. Tá ~ aige air!* 20, baol air! A. *Tá ~ agam air.* B. *Bheadh ~ ar 'watch' i gcac duine uasail* 19, ní bheadh seans ar bith agat air.
seanscairt *b.* Scairt mhór. 20.
sean-sean-. *Ceann de na sean-sean-ghunnaí* 19.
seansteaic /'jan', 'dæk's/. Seanphrátaí 20.
seanstócar *f.* Seandúine láidir a bheadh in ann obair chrua a dhéanamh 20.
seanstuacán *f.* Seandúine láidir 20.
seanteannadh *f.* Teannadh láidir. *Chuir mé mo sheanteannadh leis* 20.
seantuirseach *aid.* An-tuirseach le fada. *Tá mé ~ á dhíonamh* 19.
seanuail *b.* Uail ard. *Labhair sé ina sheanuail . . .* 20.
seanúdar *f.* Eolas ar an seansaol. *Bhí an oiread ~ aige faon mbaile agus a' sean-chuisleán ó'n chéad lá ariabh* 24. *Sén truaí shaoil nach tosuíomh ní bu luaithe a' bailiú na sean-údair . . .* 24.
seanundúir. ~ *de chailín óg* 31, seanbhean nár phós.
séaras *f.* Sciar, roinnt. *Go dtí tús a' chéad seo d'ith na daoine a gceart dhui agus séaras math na dhia sin* 24 minbhúí. *Fuair sí ~ maith* 24A (le spré).
searbh *aid.* *Chomh ~ le domlas* 19.
searbhálaí *f.* Seirbheálaí. *Roimh shearbhálaí próise* 27.432.
searbhálann. Seirbheálann. *Searbháladh é* 32. *Fear searbhála* 20. *Shearbháil sí é* 32. *Ní raibh sé sa dlí i a shearbháil Dé Domhnaí* 27.432.
searbhánta *f.* Searbhánta 20, 19.
seargann. Tiormafonn. *Tá an chrea a' searacú suas go breá is gearr a bheidheas a lorg chor a bich ann* 24.
searrach *f.* 1. *Tá sé ina shearrach i ndiaidh giorráin ina dhiaidh* 20, bíonn sé ag imeacht ina chomhluadar i gcónaí. 2. ~ *gorm* 20, 32, cineál éisc ar nós flagaigh (iasc mór é, gearrann sé na

heangacha).

seársá. 1. Ionsaí. *Thug sé ~ faoi* 20. 2. Ruaig reatha. *Thug sé ~ eile ina dhiaidh* 20. *Ag rith sna seársáí* 20. 3. Iarracht, babhta oibre. *Tiúrfaidh mé seáirse eile faoi* 20. 4. Tamall, babhta. *Bhí mé ag obair ann*, ~ 19. *Chait sé ~ i gCondae an Chláir* 19. *Bhí an citil ~ maith ar an stóbh* 19. ~ *comhrá* 19.
seársáil *a. br.* Ritheacht thart 20.
Séarúin. Muintir Cheathrú an Bhrúnaigh [leasainm?]. ~, *sin é an t-ainm a bhí agus atá air mhuintir C. Róna* 27.595. . . . *faoi a bhe troid le putáí beaga na ~ réis na sgoile go minic* 24 bain-eann.
seas *f.* 1. Suíochán treasna sa mbád. ~ *crainn* 19, an seas a mbíonn an crann ann. 2. ~ *na fuinneog* 19, an clár treasna in uachtair an leath thíos, agus an clár treasna in íochtar an leath thuas le chéile.
seás. Fuadar, deifir dhícheallach. 1. *Bhíodh ~ ar fhear an tí ag ithe* 19. 2. *Ar ~*, go dícheallach. *Bhí sé ar ~ ag strealladh bréag liom* 19. *Ar ~ ag baint fhéir* 19. *Bhí do chroí amach ar do bhéal is tú ar ~ ag rith* 19.
seasamh *f.* *Ina sheasamh*, lonnaithe in ionad dualgais. *Tá an dárna mac na shagart cibé áit a bhfuil sé na sheasamh* 24. *Fua sé sna gardaí agus sílím gur i mBleá Cliath a bhí sé 'na sheasamh* 27.779.
seasann. 1. Stopann. (a) *Níor sheas an bus ann* 20. (b) (*br. ais.*) *Sheas muid an carr* 19, stop muid an carr. *Sheas muid é* [duine] 19. 2. (a) *Seas talamh!* 20, fan go daingean san áit a bhfuil tú. (b) *Cúirt a sheasamh* 20, bheith mar chosantóir sa gcúirt. 3. *Níor sheas mé ariamh ann* 20, ní raibh mé riamh ann. 4. *Cén cheard a ~ an ghaoth?* 20, cén cheard a bhfuil an ghaoth ann? 5. *Ar.* (a) *An té a mbeadh an imirt ag seasamh air* 20, an té ba dheireanaí a bheadh le imirt [cártaí]. (b) *Cé air ar sheas tú?* 20, cén cárta atá faoin gceann a d'iompaigh tú? [ceist ar fhear na roinnt]. *Sheas mé ar mo chúig* 20, ba rí nó aon a bhí faoin mámh cinn (ba chárta é a bhainfeadh cúig dom). 6. ~ *do*, leanann ar. *Má sheasann duit a' cuir na gceapairí sin air an arán* 24 ceapaire. 7. ~ *le.* (a) *Níorbh fhéidir seasamh leob* 19, . . . cur suas leo. (b) *Go dimhin, tá mé seasta leis* 20, . . . tá 'féirin' agam (go searbhásach).
seascláir *b.* Láir sheasc 19.
seaspach *aid.* 1. Buan, a mhaireann i bhfad. *Ní fhaca tú aon aimsir aríomh is seasbaí ná í le báisteach* 24. *Is math ~ a' clár tá fós inntí réis an aois atá aici* 24. 2. I gcónaí. *Is beag teach air a' mbaile nach bhfuil a' Paidrín á rá ann ~ 24 paidrín.* *Ffr. seasúch.*
seasta *aid. bhr.* 1. Seasmhach. *Ní sioc ~ é* 19. *Báisteach sheasta* 19. 2. *dobh.*, i gcónaí. *Tá sé ~ istí ann, daoine a' ceapa gur [g]iarrra díona suas leis an infon atá sé . . .* 24 seasann. *Tá sé ~ a' cainnt* 24 seasann. *Tá sé ag obair seastaí ar a' mbóthar anois* 24 seasann. *Tá sé ag báisteach* ~ 19.
seasúch *aid.* Buan, a mhaireann i bhfad. *Móin*

sheasúch 20, 19. *Éadach* ~ 19.
séasúr *f.* 1. ~ *na mbréag*, an Inid. *An Inid a tugtaí air an am sin . . . Is minic gurbh é ~ na bréug a tugu eirí 27.1444.* 2. *Tá sé [ronnach] ina sheasúr aríst 19. . . an ballach ina sheasúr chuile mhí a bhfuil 'r' inti 19. Tá siad as a ~ anois 20.* 3. *Bhí ~ maith acub air 20, fuair siad an-bhlas air, thaitnigh sé go mór leo. Beidh ~ a'm air 20, beidh sásamh maith agam air.*
séasúrach *aid.* 1. So-bhogtha chun allais. *Is deabhaítaí ~ an duine thú, bail ó Dhia ort 20.* 2. *Tá sí siúd ro-sheasúrach aige [chuige] 20, tá sí ró-dhúlaí ann [sa bhfeair].*
seibhín. Agall ag glaoch ar chaora. ~ ~! 19.
seibhín *f.* ~! *táilliúra* 20, písíní beaga éadaigh i ndiaidh na táilliúra.
seic *aid.* 'Check'. *Éadach* ~ 20. *Naprún* ~ 20.
seicil. Deis ceangailte idir an srian is an béalmhach 19 (< 'shackle').
seicín *f.* Páipéar deich scilling 20.
seicne. Maidhm seicne 31. (Mar *iol.*) *na ~ 19. Tá ~ tite aige 20. Is cosúil le bambh é sin a bhfuil ~ aige 20. Imigh, nó cuirfidh mise ~ a'd 20.*
seideachan *a. br.* 1. Déanamh nide 10. 2. *Tá sé ag ~ 20, tá sé (duine) ina luí go compóirteach ar an urlár.*
seideann. 1. Ag séideadh breith, ag breith go minic. *Ó thosa na cearca a' fáil a' chuire tá siad a' séide breith ó shoin 24 ceare. . . gaisg a dhéanamh as an gcaoi a raibh a cuid cearca a séide breith 27.1462.* 2. Ag cur go sciobtha, go minic. *Tá saol maith ag na mrd sin, a guid fir thall i Sasana a' séide neart airgid anáil acu 24 fear. Ag séideadh fuail 19, ag stealladh fuail.* 3. *Gaineamh séidte 20, gaineamh éadrom a fhuadaíonn an ghaoth.* 4. *Bainfidh mise cac séidte aisti 20, bainfidh mise obair throm aisti [capall].*
seideog *b.* 1. *Séideogá sneachta 20, siotaí a thagann roimh an sneachta.* 2. . . *é a riocht a' tséadóg a chaile 27.251, é i riocht báis. Níl ann ach go bhfuil an t~ ann 20, id.*
seidheoir. 1. Saidheoir (*q.v.*) 2. Agall ag díbirt lachan. (Mar *ain.*) *Bain ~ as na lachain 20.*
seidheoireacht *a. br.* Ag ~ i ndiaidh caoirigh 20, ag tiomáint caorach is ag fógaint 'seidheoir' orthu.
seidhrín *f.* Seirín 20.
seidhríú *f.* Saidheoir (*q.v.*) 20.
seifde *f.* Ainmí beag bídeach 20. ~ *beag de chaora 20. Níl ann ach ~ beag 20 (le gamhain).*
seifteálaí *f.* Seifteoir 20.
seilbhéar *f.* Suirbhéir. *Níl fhios agum cén t-ainm a bhí air a' ~ a chuir a' baile ndiaidh a chéile 27.481. Rín a' seilimhéar an sheilm ina góltais 24 roinneann. Seilbhéara 20.*
seile *f.* Braon. *Is seile breá báistí é 24. Seiliúcháí, (ag) braonacháí (báistí). Díona sé lá báistí, tá sé a' seiliúcháí hana 24 seile. Dá gcoinneoch sé bhfad ar na seiliúcháí troma sin, rathach siad ríd jaicéad darraí 24.*
seileann. Síleann 24.
seileog *b.* An tsailleog ghlas a thoech a' déana na

scitheógai is na cléibhíní, an tsailleog bhuí a curtar sna ciseáin dheasa agus an tsailleog ghállda a fhásann ar thatha móna 24. /se'lo:g/ a deir 24.
 seilf : teilp.
seilleamastar *f.* Feileastram 20.
seilmide *f.* Seilide. ~ *ladhrach.* (a) Lot idir na méaracha ag gasúir. (Chiuimlíte seilmide sliogánach leis lena leigheas) 19, 20. 2. Cor faoi ionga. *Is mór é m'aimhreas gur bé an ~ loereach atá a' tíoht ar mo mhéir . . . 24.*
séipíneach *f.* Séiplíneach 24 ól.
seir *b.* Teir, mí-ádh. *Bíonn ~ ar an iasacht 20.*
seirbhís *b.* Teachnt aniar i gcúrsaí oibre crua. *Is inti bhí an t~ 20 (le seanbhean láidir).*
seirseach. Seirseach 24.
 séis : téis.
seiscealach *f.* Seisc 20.
seo *f.* 1. *Tá ~ na seóití agat 20, . . . go leor leor . . . 2. Ómós. Níor thug sé ~ ar bith dhó 20. Ní bhfuair sé ~ na ngrást ann 20.* 3. *Níor thug muid ~ na muice dhób 20, bhuail muid caoch iad (ag cluiche). Bhí mór a' ~ daoine ann 24A, bhí go leor leor . . .*
seo *²* /so/, /sə/ *aid. thais.* 1. *Shf. Dheoun ceó ach go féarr '~ é' ná 'cá'il sé' 24 seo. Is beag le rá a raibh sé a fháil go pháil sa bpoorhouse in uair sin ach go mbféarr '~ é' ná 'cá'il sé' 27.951.* 2. Seo againn. (Gan alt roimh an ainmfhocail). *Bhí mé a' breanu air sheiplíneach ~ aguin féin . . . 27.846. Bhí beagnach an oiread eólais air shagairt na Gaillimhe agum agus a bhí air shagairt ~ 'guinn féin 27.265.*
seobh /sow/ *aid. thais.* Seo. (Roimh *fhor.*). ~ *é é 20.*
seod /sod/ *aid. thais.* Seo. 1. ~ *é agaibh anoir anois é 20. ~ é do shláinte! 19.* 2. *Siúd. Na cionólacháí ~ 20.*
seodrabháil *a. br.* 1. Fálróid go fánach. *Mhairfeadh sé ag ~ 19. Ag ~ thimpeall an tí 19. Ag imeacht ag ~ ó áit go háit 20.* 2. Sibiléireacht, giotamáil oibre. Ag ~ oibre 19.
seoidé *b.* Seoidire. *Bhí an t~ mhór isteach ann 20. ~ ghaoithe 32.*
seol *f.* 1. *Tá sí ag díonamh seoil 19, tá na seolta á gcrochadh uirthi [bád].* 2. *Cá'il tú ag tóigeáil do sheolta anois? 20, cá bhfuil tú ag tabhairt d'aghaidh? Thóg tú do sheolta luath go maith ar maidin 20.* 3. *Fuair sé ina sheol mór é 19, d'éirigh leis é a dhéanamh go héasca gan aon bhacainn. Tá lán an tseoil mhóir agat 19, tá tú ag imeacht faoi mhórdheifir. Bhí coinneáil amach an tseoil ann 20, bhí an lá gaofar go maith.* 3. (a) *Éiríonn a sheolta air, téann sé le mire feirge. D'éirí a sheolta air Mhicil agus is beag nár cháil sé a chiall 27.339. D'éire a sheolta air agus louir sé an-gharbh 24 garbh. Nach beag a dochar dhom mo sheolta éirigh orm 27.144.* (b) *A sheolta a ardú air, é a dhul, a chur, le mire feirge. Ní airghim go bhfuil cuma an mhí-ádh air nuair atá a sheolta ardaí 27.1384. Is minic ardaíonn siad mo cheolta orm ag éisteacht leof a' cáineadh an bhia 24 anlann. D'árda sí mo sheolta orm a' buala rudaí in mo bhéal is go*

mbéigeann dom pléasca 'mach 24 ardaíonn.
seolta *aid.* Soghluaisite. *Fua siad* [beithigh] *ut Gaille go seolta dhom 24, . . . gan aon stró a chur orm. Chomh seolta is a d'iompa sí* [bò] *isteach i ngeata thiúradh* [thabharfá] *an leabhar gur duine a sheas roimpi agus a bhagair isteach uirthí 27.1501.*
seomra /ju:mrə/, /jumrə/ *f.* An ~ *beag 19, an seomra ar chúil an drisíúir. An ~ mór 19, an seomra ar chúil na tine.*
shaolta : *saolta.*
shíoraí : *shíoraí.*
shoraídh. Drochrath. *Muise horra go deó dhuit ciod a rinne mise ort chun oiread le duine ar bith eile . . . 24 scáile. ~ dhíom! 19. ~ ort, is beag a d'íth tú 20. ~ uaídh, mar chogadh 20. ~ uaib ba dona sib 20.*
shú. *Shú shá ná tarraingt, obair mhór ag iarraidh rud a chorrá. Ní fhaca a leithéide go shú shá na* [ná] *tarraingt is mara bhí ann 24. . . ní raibh an ceathar aguin in an thú thá ná tarraingt a dhéanamh 27.849.*
sí. for. (Ag tagairt go fonóideach d'fhear). . . *ag cur smacht ar dhaoine a bhíonn ~ [fear] 19. Bíonn ~ [fear] ag caint . . . 19.*
siagán *f.* 1. Poll mór fataí. *Is deabhlaf an ~ fataí é sin 20. 2. Coca mór féir. ~ féir 20.*
sianail /ji:ni:l/ *a. br. Cuir ~ asat leis! 20, níl seans agat é a fháil ar ais.*
siar. Sí. 'Cén baile é seo?' *a deir Cromail, '~-York' a deir a' gou 24 ceárta.*
siar dobh. 1. (ait + ainm ina dhiaidh). ~ *a' t-Oileán nó siar a' Coláiste nó siar a' Poorhouse 27.845. 2. ~ sa seomra 20, isteach sa seomra ar chúil na tine (cp. suas sa seomra). 3. Thiar. Tá sí níos cruacha ná an mhóin ~ 20. 4. Cuir do lámh ~ sa mbróig 20, . . . isteach ar fad inti. Chomh fada ~ is atá an bia sa bhfaochain 20. 5. ~ is aniar. (a) Tá sé [teach] díonta ~ is aniar 20, tá binn ag breathmú siar agus an bhinn eile soir. (b) Trína chéile, gan aon aire, béal in airde. Fágú an teach ~ sa niar ansin gur hainic sé mar fheiceas muid é 27.373. Fágú an tseid ~ is aniar 27.447. 6. ~ go maith sa lá 20, deireanach go maith . . . 7. Fiafrú ~, éileamh. Ní raibh fiafrú ~ ar aon bhlas ann (ar aonach) 20.
siaradh *br. ord.* Téadh siar. *Siaradh muid linn 20. Siaradh sé leis 20.*
sibhéalta *aid.* Múinte, dea-labhartha 19, 20.
sibhéaltas *f.* Múinteacht, dea-labharthacht 20.
sibí *f.* Cat 19.
sibiléarach *a. br.* Giotamáil oibre. *Ag ~ timpeall an tí 19.*
sifreoir *f.* Cabaire seafóideach 20.
sifreoiracht *a. br.* Síorchabaireacht sheafóideach 20. *Is ort atá an t~ 20.*
sigil *aid.* Singil. *An laoi ~ é nó ceann go chúpla 24 lao.*
sil. Agall le cearca a dhíbirt. ~ *amach! 20.*
síle *f.* ~ *síáin 19, 20, tinneas éigin ar an sine siain.*
síleáil : *súileáil.*
síleann. 1. Síothlaíonn. *Fan go síle sé 20, fan go**

dúitfidh an salachar go híochar (i soitheach uisce).
2. Tosaíonn ag triomú. *Bhfuil silt ar bith orthab? [éadach] 20. Tá sé [ball éadaigh] sin an-sille 20, . . . triomaithe go maith. Tá an talamh silte go breá 20, . . . éirithe tirm tar éis báistí. Tá silt bheag déanta aige [talamh] 20. 3. Tá an lampa a goil as agus gon an oiread ola isti agum is a shíleach do shúil 24 ola, . . . gan deoir istigh agum.
siléar : *súiléar.*
siléigeach *aid.* 1. Mall ag teacht chun buin (leis an aimsir). *Tá an uair a' fanacht ~ 24 spealadóir-eacht. Bhí sé ~ ag báisteach 19. 2. Mall á leigheas. Tinneas ~ 32.*
silín má cuach. 'Violet'. *An ~ ina dhath dhubh ghorm go fairsing 24 Aibreán.*
síliú. 1. Agall ag tiomáint caorch. ~ *amach! 20. 2. (Mar ain.) Ag gcuirfidh tú ~ maith suas iontab 20.*
sílleann. Toilleann. *Dhú síllidís istigh ann . . . 20. Síllfidh siad uilig ann 20.*
simléar *f.* 1. ~ caolach 20, simléar a dhéantar le slata a fhí le chéile. ~ *crannail 19, id. 2. ~ an lampa 20, glób . . . 3. Áit tine. Fadaigh an tine sa ~ beag 19, . . . san áit bheag tine sa 'seomra' (- ní hionann agus teallach mór na cisteanaí).
simplí *aid.* *Bhí sé chomh ~ leis an deabhal mór 20.*
simrín *f.* Seomra beag 20.
sin for. tais. 1. (Ag tagairt siar d'ainmfhocail) *Bhí bean a' tí, agus an táilliúr agus an páiste tinn, bhí ~ insa teach 20. 2. (Ag tagairt siar do fhása). Ba cheart dó a fhágáil nochtá, ~ nó cuide den óir a thabhairt as 20. Ní tú ba chionta leis, ní tú ~ 20.*
sine b. ~ *Mhuire 19, sine bheag bhreise ag bó.*
sineacht *'.* Sin. *Bhí sé ag baint bearraíocháí maith dhó, bhí ~ 20. M'anam nach bhfuil aon chóta tite sa hál ar chuma ar bith, níl ~ 20.*
sineacht *?* Sine. *Dhú shineacht é . . . 20.*
sineadh *f.* 1. Fad. *Nach frust aithne ar a' sine tá inntí [cú] go gcaitheach siúl a bhe inntí 24. Tá ~ faoi [fear] 20, tá sé an-ard. 2. Leagan (ar arbhar). Sín sine is gráine a chonaic mé air gharraí arúir aríomh 24. 3. Fána. D'íarrain [déarfainn] go dtug sibh iomarca sine gon cheann nú a chuir sibh ar a' teach 24. Bheadh an iomarca ~ faoi na fóide 20 (sa ngníomh). Tá ~ breá faoi 20, tá sé [bóthar] ag ardú go réidh.
síneáil *b.* Clár sínte le taobh an bháid faoin seas mar thaca leis 19.
síneann. 1. (É) *ina shineadh, ina luí. Bhí mé féin agus beirt fhear eile 'na sine siar faoi sceach . . . 27.119. (b) Níl fear a shínte ná a chaointe aige anois 19, níl fear lena leagan amach don tórramh ná . . . 2. Éiríonn 'lag' ag gáire. Bhíoch muid i riocht sine a' gáirí faoi 24 inseacht. Bhí muid a riocht sine le farach gáirí ag éisteach leis 24. Bhí sé sínte ag gáirí faoi 20. Nuair a d'inis mé an scéal 'ó shin sé 20. 3. ~ thar. Luíonn siar chun codlata. Ná bíg ag gleo anois, sínfidh mé tharam go fóilleach 20. 4. ~ (suas) le. (a) Tarraingíonn ar, tá beagnach. Tá mé a' sine le aois a' phinsion anois . . . 24. Bhí mé thuas i Maigh Cuilinn, tá sé scór blianta ó shin nó ag sineadh leis 24. Tá sé a' sine hart le uair a' chloig****

ó fua sé an bealach 24. Bhí sé ag síneadh suas nó anuas leob [na trí scóir] 20. Nach math a' seanfhear fós mé agus mé a' síne suas le mo cheithre scóir 24. Tá a' síne suas le mo shá ualái ar a' gcapall aonois agam 24. 5. ~ le, tá ina chónaí taobh le. Gach ar shín leis sin ní rabhadar buíoch dhó 20. 6. Tugann (le hoidhreach). Go bhfuil siopa an éadaí sntí 'nonn aige go cheann go na buachaillí 24.

sinneán f. 1. Gála (tobann) Tá ~ ar an oíche anocht 20. 2. Fuaim gála. Bhí ~ aige [ag an simléar] 20. Tháinig ~ sa doras 20. 3. Teannadh, deifir. Bhí ~ faoi ag tócht 20. Ffr. sionán.

singil : sigil.

sinseáil a. br. 1. Athrú (aimsire). Tá ~ san aimsir 20. 2. Briseadh airgid. ~ airgid 20.

sinseálann. Briseann (airgead). An sinseálfá punt dhom? 20.

sinsear f. Ghúin daoine. Dhá shinsear 19.

sinsearach b. Bhí sé de shinsearach ann 32, bhí sé ó dhúchas ann.

sínteoir f. Fíopa cailce tobac áirithe a raibh cos fhada aige agus an cloigeann ag síneadh amach 20. siocair : tiocair.

siobálaí f. Giotamálaí, duine a bhíonn ag plé le jabanna beaga oibre 20.

Siobhán a. díl. 1. An ~ fhada 24, corr réisc. Sa gcrann is airde a gheus tú a' ~ fhada réis gur éun ouna é 24 nead. 'Na sheasa i mboglach fheiceas tú an ~ fhada, i gcónaí 24. I mbárr cruinn bhíonn nead a' tsuídín fhada 24. 2. Brian na Gíolcaí agus Siobháinín a' chaipín Dubh . . . Más cearc agus coiléach iad níl fhios agam, ach gurb é mo bharúil gurb ea. Tá leithead iuga do mhéire go chlúch dubh air bharr a cinn 27.1278. 3. 'Bóthar Shiubháine' an bóthar mór ó Mhóinín na gCiseach i dtreo Óráin (Mhóir). Thug sé bothar Shiubháine dhó fhéin. Lead óg a d'imeodh an aghaidh a chinn roimhe a' cuartú job agus gan fios a bith aig a mhuinir cé ndeacha sé 24 Bóthar Shiubháine. 'Níl aon ghnatha 'gum go do leithide' a deir sé, 'a tabhairt bóthar Shiubháine dó' 24 naofacht, . . . á bhriseadh as a phost.

siobhas f. 1. Droch-choirce. Níl ann ach ~ 20. Siobhaisín bradach coirce 20. 2. Drochphrátaí. Nach iad an ~ iad 20.

sioc f. Ba lú leob a chéile ná an ~ a lobhfadh na fataí 20. Go n-imi an ~ leis 20 - eascaine.

siodal f. Maoin. Níl aon ~ air 20. Tá ~ maith aige 20.

siodar f. Siota, sciótán. D'ime sé go shiodar, mar bhuaileá ar a' gcluais é 24. D'fhreagair sé go ra deifir orú agus a' ~ bhí faof 24.

siodbháisteach b. Seadbháisteach 20. Ag siodbháistigh 20.

siodgháirí a. br. Gáire go magúil 20.

siodmhagadh a. br. Fríthmhagadh 20.

siodrabháil a. br. 1. Sibiléireacht. Ag ~ thiompall an tí 19. Ag ~ oibre 19. Ag ~ isteach is amach 19.

2. Síodrál. Ag ~ chainte 19.

siodránaí f. Síodrálaí cainte 20.

siodróir f. Síodrálaí 20.

siofróir f. Scanduine a mbeadh an mheabhair caille aige a bheadh ag caint leis 20.

siofróireacht a. br. Rámhaillí chainte 20. ~ óil 20, rámhaillí chainte de bharr meisce. Ag ~ trína chodladh 20.

sióg b. Iarlaís 19.

siól f. 1. Cailt rúinne [bia] aige sal á gcaille sé ~ a chloinne 19, - le buachaill a mbeadh dúil mhór aige sa mbia. Ná cailt ~ do chloinne leis! 19, ná cuir an iomarca stró ort féin leis. 2. ~ Éabha. Bhí caille shíol Éabha orm 27.61, bhí an donas orm. Bhí caille Shaol Éabh oru le bradail agus míostáid . . . 24 arán. 3. ~ éisc 20, stuifíní, éisc bheag óga. ~ frogannaí 20, torbáin.

siolchur a. br. Nuair a chraitheas tú siól arúir air ithir nach bhfuil corraí nó ar thala treafai réis fhursa agus a chur air ais leis a' geáchta, treabh beag éadthrom a thóirt dó, dha shíol-chuir a bheitheá an uair sin 24 cur.

siolla f. 1. Gaoth láidir. Tá ~ mór gaoithe anocht ann 19. Tháinig ~ maith gaoithe 32. 2. Ionsai. Shaoil an sionnach ~ thóirt faoi na cearca ar maidín inniu 24. Bainiú léim ó chroí asum leis a' ~ hug sé faoin doras 24. Tuirfaidh sé ~ fúthab 20. 3. De ~, de sciótán. D'imigh sé amach an doras de shiolla 19. Fua an cár harum go shiolla 24. Is ioma tráthnóna breá Donai agus mé mo lad a dtoech muid hart a baile go shiolla 27.133. Hainic siad taobh shiar dhúin go shiolla 24 tabhair. Réis go bhfaca mé go minic a' teacht anuas go shiolla as an aer é 27.1368. 4. (a) Geábh deifreach. Imíonn siad na n-alt . . . agus ní théigheann siad a bhfad go luíon siad aisté, mar bheadh siad a' tabhairt ~ ó háit go háit 27.1240. Siollaíochai beaga cuarta 20. Bhí dúil sa mbraon ag a' bhfear agus bu mhath leis ~ beag thóirt ar a' teach ósta 24. (b) Bhí ~ síuil aige 20, bhí sé ag síul go sciobtha. 5. Béic dhíbearttha. Níor chuir mé ~ ná sceiteog iontu . . . 24 aireach, níor dhúirt mé tada a bhainfeadh geit astu. . . . ach ~ agus háil in a dtóin chuile ré solais 24.

siollóig b. Scairt chun fátíos a chur ar ainmhi agus é a dhíbert. . . . agus chaon ~ aige i dtúin a' tsionnaí 24. Sé fear a' ghunna bhí corach nuair a fua ~ ins na géamha air 24.

siolraide f. 1. Siolrachán de dhuine. Shoraí uait a shiolraide 20. 2. Rud beag suarach. Níl iontab [fataí] ach siolraidí 20.

siolrú : siolrú.

sioma f. Séama (idir dhá chlár sa mbád) 19, 20.

siomóid a. br. Clamhsán. Ní stopann tú chor ar bith ach ag ~ 20. Lig de do chuid ~ aonois faoi níos mó 20.

sionán. f. Soinneán. Na sionáin triomai a thagach i mí na Márta 24 Earrach. ~ gaoithe Márta 24A.

sioncadh a. br. Tuirsiú. Dheabhal mórán údar ~ a bhí agat 20.

sioncaille aid. bhr. Traochta, tuirsithe. Tá mise sách ~ théis an lae 24. Tá mé ~ ag an ocras 20.

sionnach f. ~ ort! 20 - eascaine ar iascaire. ~ ar do dhuán is giorria ar do bhaoite is nár mharaf tú aon bhreac go dtaga an Fhéil Bhríde 20.

siopa *f.* 1. *Shílfeá gur buachail ~ é 20, le fear a bheadh gléasta go galánta. Tá sé chomh slíoctha le cut ~ 20, le duine slíoctha. Tá sé ar fheabhas an t~ anois 31, tá sé ar fheabhas ar fad. Bhí ól ~ ann 19, ól a ceannaíodh sa siopa. 2. ~ déileála, siopa ocastóra. *Bhíodh plúr, caiscín, bran mór, bran beag, min bhúil agus min choirce dá dhíol acu. . . . bhí tille a bhíodh a dtól tae is siúcra, brioscáil agus mílseáin agus rudaí beaga eile a d'fheil go bhean a' tí 27.1462. ~ ósta, teach ósta. Diabhal a bhféadaim a rá anois an ~ ósta a bhí ann 27.1090.**

sioraiféala *f.* An-aiféala buan. *Bhí ~ orm 19.*

siorai : **saolta.**

sioraíocht *b.* 1. Caitheamh fada. *Níl aon t~ iontab [sna rothair] 19. Nach iontab a bhí an t~ 20. 2. Achar fada. Níor cuireadh leis an ~ é [garraí] 20. Chaith mé an t~ leis 20. Tá sé goite isteach sa t~ 19, tá sé cailte go brách, tá deireadh leis. Más maith nó olc a chaith muid an lá tá sé goite isteach sa t~ 19. Rinne tú dearmad - chuaigh sé sa t~ 19, . . . dearmad é a dhéanamh is tá sé ó dhéanamh anois.*

siorán *f.* Péist áirithe i mbolg an chapail 20.

siorbháisteach *b.* Báisteach an-mhinic 20. *Ní báisteach sheasta a bheadh inntí sin ach a' bháisteach anois agus arist go han-mhinic 24 síor-fhliuch.*

siordhearcadh *a. br.* Ag ~ ar an bpíopa 19.

siorfhlíuch /'jliar, 'lox/ *aid.* Fliuch i gcónaí. *Nach ~ an aimsir í 20. . . . am ar bith a mbíodh an aimsir ~ 27.1193.*

siorghóil *b.* Síorchanadh. *Sfh. Is miste don dán a bheith dhá shíorghóil 19, is mó a mhílleann síorathrá do scéal.*

siorimeacht *a. br.* Ag siúl leis agus ag ~ 19.

siorinseacht *a. br.* Insint go han-mhinic. *Sén ~ a bhí ar sheanscéalta na sinsir freisin a choinne beó iad 24.*

siorlú *a. br.* Síolrú 19, 20.

siorlua *a. br.* Lua go han-mhinic. *An rud a bhíonnas á shíorlua . . . 20.*

siormheascadh *a. br.* Ag meascadh gan stad. *Tá mé ag ~ [sprae] ó mhaidín 20.*

siormhúraíl *a. br.* Caitheamh múranna go minic. *Dhá dhonacht a' síorbháisteach dá mbeithéa a' plé le fear . . . ach seachain go deo aimsir ~ 24.*

siorobair *a. br.* Obair gan stad 20.

sioról *a. br.* Ól go han-mhinic 20.

sior-rá /'jiora:/ *a. br.* Caint leat féin gan stad. *Bhí sé ag caint is ag ~ 20.*

siorradh *f.* 1. Fuadar, rith. *Tá ~ fúthab 19, tá rith deifreach fúthu. Tá ~ mór siúil faoi 19. Tá ~ mór cainte fút 19. 2. Cuir ~ suas iontab 20, tiomáin suas iad.*

siorshioc *f.* Sioc gan stad 20.

siorshneachta *a. br.* Sneachta gan stad. *Tá sé ag ~ ó mhaidín 20.*

siortharraingt *a. br.* Tarraingt gan stad 20.

sior(th)óir *f.* Bothánaí a bhíonn ag síor-imeacht. *Níl aon síoróir ó Bhalá is mó ná í 24. Ní ra cuairt a' tsioróir fada ariamh 24. Is minic a tugtar síoróir ar*

ghé agus a h-ál le mbíonn le siúl acu 24. Siorthóir na gcuairt a tugu air dhuine chuile am atá a' rithe ó theach go teach air cuairt 27.1471. Á gcloistead iad sin ó shiorthóir na gcuairt a mbíonn chuile mhionnscéal ar bháir a ghoib aige, ní thiúra leath aird air, ach . . . 24 páiste.

sior(th)óireacht *a. br.* Bothántaíocht, imeacht ó theach go teach. *Bhí níos mó ná an síoróireacht curtha ina leith 27.1471. Tá daoine ann a mhaireach a' síoróireacht, an t-úghdar shoir agus a' t-údar shiar annsin acu 24. D'ionann tincéar síoróireacht go leór 24.*

siós dohb 1. I dtreo na tine. *Gabh ~ chuig an tine 20. Croch ~ é 20, croch é [citi] as cionn na tine. 2. I dtreo an altóra. ~ leis urlár an tséipéil 20. 3. ~ i lár tíre 20. Ag goil ~ go Gaillimh 20. 4. Bhí sé ~ is suas le trí scór 20, . . . timpeall trí scór.*

sioscadh *a. br.* Tá sí [curach] ag ~ 20, . . . ag imeacht sciobtha is ag cur farraige in aer.

sioscalach. An luibh ar a bhfásann an ceannbhán 20.

siosmaint *b.* Ciall, fuaimint. *Ní bhfuighfeá ~ ar bith ina chomhrá 19. Níl aon t~ iontab 19.*

siostal *f.* Féach an ~ *fiacra tá aige 19, an drad breá fiacra.*

siostalóireacht *a. br.* Oibriú an tsíostail ar an líon 20.

siota *f.* 1. Sáiteán (cainte). *Ag scaoileadh siotaí acub 20. Chaith sé ~ agam 20. 2. Bréag mhór. Scaoil sé ~ bréige aige 20. Ag scaoileadh siotaí faoi 20, ag inseacht bhréag dó. 3. Dreas ceoil. *Bhí siotaí ceoil 20. Tabhair dhúinn siota ceoil 20.**

siothlaíonn : **séalaíonn.**

siothlán : **séalán.**

sípearach *a. br.* 1. Buachailleacht (beithíoch). . . . *dream as do bhaile fhéin a bhí a' ~ go lucht grabála 24 báire. 2. Ag aoireacht 31.*

siscéal *f.* Soiscéal. *Ní raibh fios rúin ná siscéal agam ariamh go dtí sin 20; ní raibh-eolas ar bith agam . . .*

siubai *f.* Cat 19.

siúcra *f.* *Cuirfidh mise in iúl duit nach ~ an símléar 19, . . . nach féidir leat gach rud a bheith ar do mhílan agat . . .*

siúd *aid. thais.* 1. Úd. *Sa tóchar ~ 20. . . . ar an ngaoth anoir siúd . . . 20. Tá a theach ~ i ndáil le tíft 20. 2. Gréasaí mar ~ 20, 'gobán' de ghréasaí, ainm's gréasaí. *Táillíur mar ~ 20.**

siufal. 1. Mearbhall. *Cibé ~ a bhuaíl mé agus mé a' caint air a leabhar . . . 27.1180. 2. ~ seafal, id. *Bhuaíl sórt stofal seafal an uair sin mé na thaobh 27.741. Ffr. sífil.**

siúilin *f.* Siúl le coiscéimeanna beaga. ~ *beag mion tiubh 19, coiscéimeanna beaga tapa.*

siúite seáite. 1. Argóinteacht. *Bhíodh na mná a' ~ le chéile i ngeall air fhá seafóideach go minic 27.353. Is iomaí ~ a bhí ann . . . cén fear ná bean a bhí cho briosc 24 éadach (Aifrin). 2. Cogarnaíl chúlchainte. *Fágann cuplaí mar sin na daoine a' ~ 24. Fir nó mná a bhíos a cómhra i nglór íseal nach mbeadh cloistéal aig éinne ach acu féin. Chuile am bhí daoine go leór an aghaidh an té a bhíod aig ~ agus a deir 'tuige nach bhfuil sé go sponc ionntu**

labhairt amach' 24.

siúl f. 1. Ar ~, de leataobh, chun bealaigh. (a) Tugadh ar ~ é 19, tugadh chun bealaigh é. (b) Caith ar ~ aríst an claidhe as sin 19. Chaitheadh sé ar ~ é sin 19. (c) Rinne sé sin ar ~ léithi 19. Caithfidh mé díonamh ar ~ leob sin 19. Sin é an t-am ar díonadh ar ~ leis 19. (d) Bleaistédladh ar ~ é 19. 2. De shiúl oíche, le linn na hoíche. Ag obair de shiúl oíche 20. Bháís ag foirmeáil de shiúl oíche 20. 3. Capall maith siúil 19, capall maith marcaíochta chun taistil.

siúlach *aid.* Chomh ~ le bean bhocht ar aonach 20.

siúlach /jɪ:u:ləx/. Siúil 24A.

siúlacht /jɪ:u:ləxt/, /jɪ:wəlxət/ b. 1. Cúrsaí taibhsí. Is géarr gur thosa sé a' cainnt air shíobhalacht 24 ola. Tá muid fada go leór a' caint air shíogaí is air shíobhalacht 27.252. 2. Creideamh i dtaibhsí. Ní fear ~ a bhí ann 24. 3. Taibhsí. Tá siad ag aireachtáil ~ sa sean-teach 24 airíonn.

siúlaí f. Siúilóir. Bacach nó siúlaí 32.

siúlann. 1. Téann tríd á ghlanadh. Beidh sé [garraí] siúille tráthnóna 20, . . . caithfidh muid na meain-gils a shiúl aríst 20. 2. Leathnaíonn. Cogadh é a shiúlfas i bhfad 20. 3. Ag siúl léithi 20, ag cúirtéireacht léithi. 4. Ag siúl an fhéir, ar an saol. Nuair a bhuaileas cómharsanaí lácha láimh in do ngnatha (sic) in aimsir do lagair . . . d'íarradh [déarfaidh] tú faofa nach raibh sé níos garraí a' siúl an fhéir 24. 5. Siúil leat (siúilígl), tar (tagaígl) isteach i dteach ósta le deoch a fháil. Ní raibh an dárna focal ráite nuair a deir sé 'siúilígl'. Isteach i ndoras a chourinéil dtí Mhac na Mara a fua muid 27.1020. Mar a gcónaí ba túisge leis 'siúl leat' a rá ná mise 27.786, . . . cuireadh isteach chun tí ósta a thabhairt ná mise. 6. Shiúlfadh sé an oiread le reithe faoi Shamhain 20, - le fear siúlach.

siúlóid b. Turas beag marcaíochta. Ag goil amach ag ~ [ar chapall] 19.

Siúnac a. díl. 1. Tugann duine 'Siúnach' ar dhuine nuair nach maith leis a ainm a insint 20. Níl a fhios a' msa an Seáinín ná ~ a bhí air 32, níl a fhios agam cén t-ainm a bhí air. Níl Seán ná ~ anseo 20, níl duine ar bith anseo. 2. Se ~! 32, ní chreidim thú! 3. Tíocfaidh ~ abhaile anocht! 19 - a déarfadh duine nuair bheadh tochas ina thóin.

siúntálan. Siúntaíonn. Siúntáil go maith é 20. Cláir a shiúntálfá go maith 20.

siúráilte. Chomh ~ le míonna an leabhair 20, . . . leis an lá bán 27.6, . . . is tá an ghrian ar an aer 19, . . . is tá cac in asal 20, . . . is tá mé beo, . . . is tá mise ag caint leat, . . . is tá tú ansin, . . . is tá poll ar do thóin, . . . is tá tóin ar asal, . . . is tá drioball ar chut 20, . . . le coinín dubh 31, . . . is tá bia sa bhfaocha 20, . . . is tá an ghrian ag éirí thoir is ag goil faoi thiar 19.

slabaire f. Slabálaí 20.

slabarnach *aid.* Slabach. I ngedíl cho ~ is bhí a' bhia á gléas 24 slobworks.

slabháin f. Gasanna sleabhctha. . . agus gan ionntu [gasanna] [ar] báil ach sloucáin nach mbeidh tada faofa 24 leasú.

slabhctha *aid.* bhr. Sleabhctha. Tá mé ~ leis an ocras 20.

slabhra f. 1. Tá ~ orm 20, tá an-ocras orm. Tá ~ ocras orm 20, id. Ar ~ leis an ocras 20, id. Bhí siad air sloura leis an ocras 24 ocras. Bhí sé in an cathú an chraos a chuir ort mar mbeadh goile láidir féin agut, ní airim leithidí seo guinne a bhí a' [ar] ~ 27.243. 2. Chuile mhangarae ag teacht aon ~ amháin i ndiaidh a chéile 20, . . . in aon tsraith amháin . . .

slabráil a. br. Slabáil 20.

slabrálaí f. Slabálaí 20.

slacht f. 1. (a) Ag cur slaight orub 20, ag cur feabhais orthu. É [cream of tartar] ag cur ~ ar chuile phúir 20. (b) Ba deacair mo shlacht a bhaint dhíom 20 - freagra ar an té a déarfadh 'Tá tú go breá' . . . Tá sé as a shlacht acub 20, tá sé míshlachtmhar dá mbarr (drochfhiacra) 20. (c) Barr ar an ~ níor inis B. gur shaighneáil sé 20, barr ar an mí-ádh . . . (d) Bhfuil aon scéaltai faoi shlacht aige 31, bhfuil . . . maithe aige. (e) Níor mhínic leis an ~ a dhíonamh 20, . . . an rud ceart, an rud maith . . . 2. (a) Meas. Dheoun go leór meas ná ~ a bhí oru ná air a gclann 'na ndiaidh 24 páiste. Dhá bhárr sin níor fhan mórán ~ oru go ceann fada 'ríst 24. (b) Níl ~ aige air, ní thaitíonn sé leis. Deoun mórán ~ aig aon nduine air a' míol 24 míol. Deout go leor ~ ag feilméaraí air álta luchain ná cointín 24 ál. Ní bhíonn ~ ar bith ag mórán daoine air a leithidí 24 cabaireacht.

slachtmhar /slaxdər/ 20, /slaxdu:r/ 19, *aid.* Dathúil. Dhá shlachtmhaire í, tá daoine ar an saol chomh ~ leí 20.

slad f. Creach. ~ mainistreach. Ní bheach ~ mainistreach blas níos measa in a siúle ná cearc a' sgríoba colbh leab' fhataí in a ngarraí 24 titeann. Dá mar ~ mainistreach a bheadh curtha 'na le ní mó ná go mbeadh an oiread go ghearra síos air 27.780.

sladadh a. br. Rinne sé ~ 20, mharaigh sé go leor éisc.

sládarúsach *aid.* Plámásach 20.

slaghdán f. ~ sróine, slaghdán sa gceann. Níl ort . . . ach sloedán sróine, tairneó sé an t-uisce as do cheann agus is féarde ú é 24. ~ smaioseach 20, id. **slaidhs b.** 1. Sliseog. ~ mhór de cháca 20. ~ de mhaide 20. 2. Tá ~ orthab 20, tá siad (barranna prátaí) sínte le talamh.

slaidhseog b. Slis. ~aí den adhmaid 19. ~aí aráin 20. É a ghearradh ina shlaidhseogaí 20.

sláiminteacht a. br. Tógáil ualaí beaga i ndiaidh a chéile 20.

sláinte b. 1. Neart chun oibre. Laighead a raibh dhóibh air a ~ san am . . . 27.280. Bu bheag le rá ~ fir in uair úd 27.26. 2. Sílim nach bhfuil mórán le cois na ~ aici 20, . . . bhfuil mórán de mhaoin an tsaol aici (ach go bhfuil an tsláinte). 3. Seo é do shláinte ó sháil go hioscaid, agus nár fhága muid seo go raibh muid ar misce! 31.

slais b. Slánas iarbheirthe mná 20.

slaitín b. 1. ~ mharbh, slaitín i gcliaibhán éanacha

a bhaineann an ghabhlóg nuair a sheasann an t-éan uirthi . . . a' cuir a' t- mharbh ag obair sa gcaoi nuair a bheadh a' ghabhlóigin a bheadh faoin gliabhán á choinneál suas . . . go mbaineadh sí nuair a bhéaradh a' t-éan léim eiri 24 cliabhán éan. 2. ~ bhradach 20, id.

slam f. 1. Scata maith daoine. Bhí ~ maith acub ann 20. ~ de na leads sin 19. D'imigh ~ mór acub inniu 20. 2. Díth céille, smál. Nach ort atá an ~ 20. **slámadh a. br.** Bhí sé ag ~ leis 20, bhí sé ag bailiú slamanna feamainne leis.

slámáil a. br. Ídiú tréan. Ag ~ airgid 20. Ag ~ feamainne 20.

slámúil aid. Smúitúil. Bhí an spéir ~ ar chaoi eicint 20.

slán aid. ~ gach áit dá n-insear é is gach duine dá gcluinfidh é 19 - a déarfai tar éis drochscéal a choisteáil. Thar ~! 19 - a déarfai nuair a bheadh duine ar tí titim. ~ mo lámh dhó! - a déarfai tar éis ainm duine a bheadh imithe ar an imirce a lua. Seán a rinne é - ~ mo lámh dhó 19.

slándas f. Slánús 19, 20. Talamh slándais 32.

slaoineann. Síneann siar, luíonn siar. Is iomaí fear ariomh ra a bhlag ag córá leis shlaoin faoi an gcloe go maidin 24 laoineann. Shlaoin sé siar air shlatrachai a dhroma air bhuach na houna 24. Slaoine mé air a leaba go fóilleach 24. . . . shlaoin muid air a mboilg san uisce . . . 27.54. Chuir siad 'na slaoine ar a mbéul faoi ar a' talamh iad [daoine] 24 béal. . . . fuair sé an dá chut 'na slaoine air a' tealach roimhe 24 cat. D'fhág mé an mada na shlaoinéadh sa ngrían dó féin 27.652.

slapar f. 1. Uth méadaithe le linn don bhó a bheith le haghaidh lao 20. Tá ~ beag tormach díonta aici 20. 2. Písín den fhlanín nach mbeadh fite sách rite. Tá ~ ann 20.

slapóg b. Bean bheag ramhar 20.

slat b. 1. ~ bhoird. Atá dhá shlat bhoird air chuile bhád 24 bád, tá dhá thaobh ar chuile scéal. 2. ~ chille, slat iarainn ar an gcile. Iarann a bhídheas innití, ní bhíonn sí baileach leithead a' chille 24 bád. 3. ~ réitigh 20, slat a réitíonn na snáitheanna ó chéile sa seol. 4. D'éirigh sé de shlatrachai an bhóthair 20, . . . de lom an bhóthair. Casadh dhom é ar shlat an droichid 20, . . . i lár an droichid. 5. ~ mhara 20, duine gan mórán beois. 6. Rinne sí ~ dhá drioball 20, - dhá rígh sí [capall] a drioball san aer agus í ag rith go sciobtha. 7. Is í an cailín is deise í, dá gcuirfeá ~ ar an bpobal 20, . . . dá gcuartófa an pobal ar fad.

slatbhanbh f. Leath-bhanbh 20.

slatbhean b. Bean réasúnta ard caol 20.

slatiascaireacht b. Iascaireacht le slat. . . . tagann an t- in ainim go léim 24.

sléa b. 1. ~ liamháin 19, muirgha le liamháin a sheilg. 2. Eite ghéar láidir. Tá ~ sa bhfíogach 20. 3. Péac. Cuirfidh sí [eorna] sléachaí amach 20.

sléabaráilte aid. Slaparáilte 19 (le húth fholamh).

sléabhcán f. 'Sloke'. ~ slamach 19, cineál sléabhcáin a fhasann ar thrá shalach; níl sé inite. ~ coraicneach 19, cineál sléabhcáin a fhasann ar an

diúilicín. Ffr. slabhcán.

sléabhctha : slabhctha.

sléacht(a) f. Réimhse talúna. . . . a'd teach breá ann agus sléacht go thogha na talún 27.1035. Feabar cén sléacht a bheadh faoi arúr ag fear san am sin is le caráin a bainfi é 24 ucht. Sléachta go thalamh míchothrom a raibh sórt mionfhraoch a' fás ann 27.649. 'Á mbeadh speal mhaith ghéar agum,' a deir sé 'bhaininn sléachta' 24 géar. A' cuir síos air a' sléacht a d'fhóda a leithide seo inniu agus laighead ar fhóda seala eile fear 24 fódaíonn.

sléadh b. Sliis mhór. ~ de chraiceann imithe de do mhéir 20. Gearr an t- 20.

sléadaráil a. br. Caint gan chiall. Ná bí ag ~ chainte 19.

sléadhbar /s'l'aibər/ f. . . . déanamh sloebar sa lathach agus sa sneachta fliuch dó 27.939, rinneadh rud fliuch salach . . . de.

sléaibín f. Slabálaí ag obair. Nach tú an ~! 19.

sléaigleáil /s'l'agl'a:l/ a. br. 1. Siúl mall míchothrom 20. 2. Casadh thart san aer (ar nós pingine a chaithfí suas). (Sléaigleáil 20 freisin).

sléaing /s'l'ang'/ f. Tuin ardnósach. Tá ~ ar a chuid cainte 19.

sléaingear /s'l'ang'ər'/ f. Duine nó ainmhi ar d tanai cam 20.

sléaintín /s'l'antj:n'/ f. Grídeall 31.

sléaimítí, sléaimítín /s'l'am'itj:(n)'/ f. 1. (Algae) sléabhcán 20. 2. Duine minchatach 20.

sléais /s'l'aj/ b. 1. Duine gaisciúil bréagach 19. 2. Pait de bhréag. Is cosúil le ~ í 20. ~ mhór. 3. Póg mhór. Bhain sé ~ de phóig di i lár an tí 20.

sléaiseáil /s'l'aʃa:l/ a. br. 1. Bualadh [arúr] ar chloch 19, 20. 2. Stealladh cainte. Ag ~ Ghaeilge 19. Ag ~ chainte 19. Ag ~ bhréaga 20. 3. Stealladh. Ag ~ uisce 20.

sléaiseog /s'l'aʃo:g/ b. 1. Buille. Dá bhfaigheadh sé corrshléaiseog mhaith chuirfeadh sé múnadh air 20. 2. Bileog ghearrtha 20.

sléaisín /s'l'aʃi:n/ f. Deoch bheag. Ólfaidh mé ~ beag tae 19.

sléaismharaíonn /'ʃlaʃ,wari:n/. Go sléaismhairí an deoul thú fhéin is do chuid madraí 24 streachlaíonn.

sléaismhargadh /s'l'aʃ,warə:g/ f. Sladmhargadh 20.

sléamhain aid. 1. Fáinne ~ 19, fáinne pósta (fáinne gan clocha ann). 2. Fuair sé an taobh ~ den doras 19, cuireadh amach as an teach é. Tiúrfaidh mé an taobh ~ den doras duit 19. 3. Arán ~ cruithneacht 31, arán a dhéantar le min as gráinne iomlán na cruithneachta. 4. Chomh ~ le buidéal dubh 19, . . . leis an eascainn 19, . . . le gloine 31, . . . le ronnach 20, . . . le drioball eascainne 19.

sléan f. ~ binne 20, sléan a bhfuil binn air. ~ uicht 20, sléan gan bhinn le móin uicht a bhaint. Bhí na dá shléan, an ~ uicht agus a' ~ binne. Air phortaí eile [portaí nach mbeadh móin righin ribeach orthu] ní theastódh uait ach a' ~ binne 27.1493.

sléanadóireacht a. br. Sleadóireacht móna 20.

sléantóir f. Sleadóir móna 20.

sléibh(i) /s'l'ev'(i)/. Go sleibh 20, go sleibhtí 24, go

Lá an tSléibhe, go brách. *Tá an pucaide imí . . . deoul a mbéaraíor go sleibhí air 24. Ní dhéanfainn dearmad go sleibhí gan oi . . . 27.1125.*

sleibre. 1. Duine slíbrí. *Níl inti ach ~ go bhean 24. 2. Duine ina lui gan bhri, 'spéice'. Bhuail fear acu meáil ar a' bhfear eile agus rinne sé ~ ar a' talamh dhó 24. D'imigh na cosa woe agus déanadh ~ ar chú a chinn sa lathach dó 24. 3. Rud sleabhctha. Tugtar ~ freisin ar rud i ngoilleann teas na gréine lá breá air. Á mbeithéad a' tannachan turnapai sa teasúch seo . . . d'fheiceá chuile cheann acu 'na ~ 24. 'Na gasracha fataí a bhí caitte na sleibri air a' talamh cáilte, fua siad air fhás air ais 27.121.*

sleíceann. Tréigeann 24A. . . ~ siad sa dath le linn na cinn óga a bhe a teacht amach 27.1257.

sléiteáilann /ʃl'e:ta:lən/. 1. Buailéann is marafonn. *Shléiteáil sé é 20. 2. Ag sléiteáil bhréag 19, ag stealladh bréag.*

sleo f. Cuma bhog ghlas ar fhás. *Féach a' ~ . . . a chuir a méid sin báistí ar chur agus ar chimín ó fuair siad í 24. Síolta a fheiceas tú a' sleó orthu réis iad a bhe cupla lá aníos . . . d'fhéadfhá a bhe ann-mhuiníneach as bárr maith a' bhliain sin 24. Féach a' ~ a hainic ar na páirceanaí agus a' fás a hainic faof le cupla lá 24 gealán. . . . agus a' sleó agus a' da fás atá air 27.1098. Ní aireó tú nois leis a' ngluaiseacht tá a' tfocht faoi na páirceanaí agus a' sleó atá oru go mbeidh a shá le n-iche aig chuile bheithíoch 24 glaiseacht.*

sleorúil /ʃl'oru:l' / aid. Maslaitheach. *Bhí sí sách ~ 19.*

sleota f. Leota, píosa fada. ~ breá fada 19. ~ de bhreac 19. *Píosa den bhacstí agus ~ den fheoil a bhí ag goil insa bpríosún le mrá an gharraí mhóir 19.*

slí b. 1. *B'fhéidir go gcuirfeadh sé ar shlí mhaith é [airgead] 20, . . . go gcuirfeadh sé ag obair é ar bhealach tairbheach. 2. ~ na mbréag, an saol seo. Tá seisean ar shlí na fírinne agus mise ar shlí na mbréag 20. 3. ~ shábhála, bealach go dtí áit shábháilte. Bhfuil deis ar bith agut muid a' chuir ar shlí shábhála? 24. 4. ~ na hanála, piobán garbh. Go ndeacha sé le ~ a hanála 24 scornach.*

sliabh f. *Go Lá an tSléibhe 19, 20, go brách.*

sliabhán f. Garraí sléibhe. (I log-ainmneacha amháin?). *Na Sliabháin Mhóra 20, ~ Chéin 20.*

sliasad b. 1. Cos (troigh) mhór fhada. *Bhí dhá shliasad de dhá chois air 20. 2. Bróg mhór 20.*

sliasá b. Breac mór leathógach áirithe 20, 19.

sliasa(r)dán f. 1. Duine tromchosach, fad-throitheach, duine a mbeadh na troithe iompaithe amach aige. *Sliasardán bradach 20. Sliasadán 20. 2. Amadán 20.*

slib b. Sraoil 20. *Nach í an t- ~ í 19.*

slibíneach f. Duine salach sraoilteach, oibrí sleamhchúiseach sraoilteach, ~ salach 20.

slibleáil a. br. Obair shleamhchúiseach, ag duine sliopach, a ligfeadh do rudaí titim as a lámha. *Ná bí ag ~ leis 20. Ná caill le ~ é 20.*

slibleáilte aid. Fliuch salach. *Lá ~ 19. Duine ~ salach 19.*

slibleálaí f. 1. Duine sleamhchúiseach ag obair, duine a chailfeadh rudaí 20. 2. Duine a d'fhanfadh thart ar chuideachtáil óil 20.

slíbre, slíbríre f. Slíbeálaí (q.v.). *Tá sé ina shlíbríre 20. Slíbre de dhuine 20.*

slíbrí aid. Fliuch salach. *Tá sé ~ fliuch anois 20. Obair dheas í ach bheadh duine an- ~ leis 20.*

sligeach aid. Béalscaoilte, cabach 32.

sligeadh a. br. Rilleadh (cainte). *Ag ~ bréag linn 19. Ag ~ cainte 19.*

sligín. *Lá an t- ~ 20, an lá deiridh.*

slincín f. Marbhghin. *Bhí ~ aici [ag bean] 31.*

slinn b. 1. Dréimire slinne 19, dréimire díon tí. 2. Go leor leor. *D'fhás ~ cupógaí ann 20. ~ éisc 20. 3. Ag cur ~ air 20, á chriochnú go slachtmhar.*

slinneán f. ~ na cathaoireach 20, an clár treasna in uachtar.

sliobar f. 1. Rud a bheadh ar sileadh. *Tá sé ina shliobar stos faoina mhuineál 20. 2. Sraoil liobar-nach. Nach é an ~ é 20.*

sliobarnaigh. Ar ~, ag ~ 20, ag titim síos go scaoilte.

sliobarnaíl a. br. Sliobarnaigh (q.v.). *Tá a chuid éadaigh ag ~ leis 20.*

sliobrach aid. Slíbrí. *Duine ~ 20, méiseálaí.*

slíocht f. 1. Ordú maith. *Is aít a' ~ tá ar a' gcapall agut 24. Is deacair bhe a' cuir a' t- ~ sin orú agus cho daor is tá beatha muilte 24. 2. ~ a choda, cuma shláintiúil de thoradh beatha mhaith. Gheofá tú daoine go leor bhfuil ~ a gcuadach go math orú 24. Dá mbeadh ordú air na bulláin mhóra sin san am agus iad a' spáint ~ a gcuda go maith, ní orthu is mó a bheadh tóir 27.1488. 3. Cuma, caoi. *Cén ~ tá ar a' bhfear bocht go bhárr na hoí? 24. 4. Ní raibh aithne ~ air 20, ní raibh rian an óil le aithint air.**

slíochtmar /ʃl'oxdwər' / aid. Folláin ag breathnú. *Is ~ a' mhaise go bheithí an fhir sin é réis a Ghreimhrídh 24.*

slíogán f. 1. Píosa de lata miotail a chuirfí síos taobh le ding ag scoilteadh cloiche 24A. 2. Crú éadrom, gan sála, an chéad cheann a chuirfí ar bhromach 24A. 3. Seanchrú caitte a chuirfí ag obair arís 24A.

slíomadóir f. Scéiméir a bheadh ag iarraidh éalú as obair, a dhéanfadh failí san obair 20.

slíomadóireacht a. br. Éalú as obair trí scéiméireacht 20. *Ag ~ leis 19.*

slíomóg b. Ainmí slíochtha de bharr deá-ordú a bheith air. *Beithí a bhí léatí agus imí ar an uisce bruití, hug a' loes sin ar ais iad agus rinne sé slíomógaí 'rist dhaof 24 scaoil. ~ de chapall 20.*

slíotrál a. br. Slíotrál (q.v.). *Ag ~ bhréaga 20. Ag ~ chainte 20.*

slíotráláí f. Slíotráláí 20.

slíp b. 1. An t-aon a hairt 20. 2. Bean óg ramhar 20.

slípéar f. 1. Bróg íseal 20. 2. Seanchrú capaill a chuirfí ag obair arís 19.

slípear /ʃl'i:p'ər' / f. 1. Muc mhór throm. ~ muice 20. ~s uabhásach de mhuca 20. 2. Bean mhór throm. ~ de bhean 20.

slis b. 1. Duine bodhar. *Nach í an t- ~ í 20. 2. Duine*

a shiúlann díreach 20. 3. Cromadh, cruit. *Tá slis uirthi* 20. *Tá ~ na hoibre air* 20. *Cuireadh ~ air* 20, buaileadh é agus bhí sé cromtha d'bharr. 4. *Gheobhaidh tú ~ nuair a ghabhas tú abhaile* 20, . . . bualadh. . . *Cuirfidh mise ~ ort!* 20, buaillfidh mé thú. 5. Cuma. (a) *Is gránna an t~ atá ar an teach sin* 20. *Is gránna an t~ atá uirthi* 20, - le hobair mhíshlachtmhar. *Cuirfidh mise ~ dhuit air* 20, feisteoidh mé go slachtmhar dhuit é. *Cuirfidh mise ~ ar an gcloch sin* 20, cóireoidh mé an chloch sin. (b) *Craiceann ar chaint, leagan ar leith. Siod é an buachaill bhí in an a' ~ a chuir ar a' gcainnt* 24. . . . agus a' ~ is a' smais a bhí sé a chuir orthu dá innseacht 27.462. *Chuille sheanachas á mbíoch ag imeacht bheach sé tarraingtí nuas agus chuile fhear a' cuir a shlis héin air* 24 im. . . . is iomai ~ a b'éigean dui a chuir air a' bhfocal agus leithscéal a thabhairt dhaofa . . . 24 máthair. 6. *Tá ~ chainte ort* 19, tá tú ag caint gan stad. *Tá ~ na cainte air* 20, id. 7. *Buaileadh oiread air is a buaileadh ar shlis lín* 19, buaileadh an-chuid air.

slisceáil a. br. Bualadh le slis (níocháin, lín). *Mrá slisceála* 19. *Ag ~ éadaigh* 20. *Ag ~ seanmhálaí* 20.

slisneach aid. *Cúl steamhain ~ 20*, folt síochtha mín fada.

slisneáil a. br. Bualadh. *Thug sé ~ bhualte dhó* 20.

slisneog b. Cailín óg éadrom 20.

slútar /ʃl'u:tər/ f. *Slútrachán* 20. ~ *bacach* 20. *Nach thú an ~!* 20.

slútráil /ʃl'u:tráil/ f. *Slútrachán*.

slócht f. Beithíoch as Conamara ar féarach in Árann. *Tá ~ ag Cóilín* 19.

slogadh, -gadóir, -gaide : slugadh, etc.

sloídnín f. Maide beag so-bhainte i dtóin sho-oscailte cléibh 31.

slosaí f. *Slusaí* 20, 19.

slosaíocht b. *Slusaíocht* 19, 20.

slosaíodóir f. *Slusaí* 19, 20.

slua f. 1. *Thiúrfá breith don tslua* 19 - a déarfai le duine contráilte, duine a mbeadh an iomarca le rá aige, nó le beithíoch contráilte. An slua sí atá i gceist. 2. *Bhí ~ sí acub ann* 20, bhí slua an-mhór acub ann.

sluaisteálaí f. *Sluaisteoir. Bhí sé cúraí dhó gur bhé an ~ a bhfeárr é a bhí ar a' ráile ó Ghaile gon Chlochán* 24.

sluaisteáil. *Cartadh le sluasaid. Dá mbeach sé a' ~ an airgid i gceárta an óir, ní bheach a shá aige* 24, ní bheadh a shá go deo aige. *Tá siad a' ~ 24*, tá siad ag saothrú go leor airgid.

sluasaid b. *An t~ 20*, an t-aon spéireat.

slubáil a. br. *Slabáil* 20.

slubáin (iol.). Cineál feamainne ('búirlíní beaga catach dubh rabhnáilte mar leasú' 19). *Ag tóigeáil ~ 20*.

slugadh a. br. *Slogadh. 1. Tá ~ maith faoi do shimléar* 20, . . . tarraingtí mhaith. 2. . . . 'na seasamh in a stu[n]daí le balla a slogadh gaoithe 27.195, . . . iad díomhaoin is a mbéal oscailte.

slugadóir f. *Slogaire (óil). Bu iad na slugadóirí a bhí in ann é ól* 24.

slugadóireacht a. br. *Go bharr na bpoell slogadóir-eacht bhí air Bhothar na Gaillimhe . . . 24 poll, . . . na bpoll slogaide.*

slugaide f. *Craosaire. Is tú an ~ 19.*

slugaireacht a. br. *Cabaireacht* 20. *Ná caith do lá annsin a' slogaireacht chaintne* 24.

sluigeann. 1. *Tá sé ag sluigeadh foghlaim* 20, . . . ag foghlaim go tapa. 2. *Tá na súile sluingthe isteach ina chloigeann* 20, . . . báite isteach . . .

slúmóg b. *Slog. Dheamhan i bhfad go raibh dhá phionta leagtha na n'finis aige. Bhain Brian slúmóg as 27.999. Ffr. sclúmóig.*

slupáil a. br. *Buaileann an cliabhach leis na lámha chun tú féin a théamh. Bhí sé á shlupáil féin* 20.

slusaí, -ocht : slosaí, -ocht.

smachta f. *Canda, daba. Muicfheoil air fad agus theigheadh ann-~ dhui sa bpota le bruih* 27.1327. ~ *beag go arán brain a bhí chomh crua le cloch eibhir* 27.819. . . . ~ *d'arán brain chomh crua le adharc pocaide* 27.1518. *Bhí ~ aráin ina mhála aige choineóch ag imeacht feadh seachtaine é* 24.

smaidht /smait/. Gortú, smadal. Ní raibh ~ uirthi 20. *Dhiún ~ a rinne sé air* 20.

smailcín b. ~ ghabhair. Rinne sé ~ ghabhair dhó 20, d'ídigh sé an-tapa é. *Ná díon ~ ghabhair dhe* 20, ná hól ar fad go tapa é.

smáileog b. *Písín beag imne* 20.

smailicín. 1. *Tinneas éigin ar na súile. Dhúinfeadh na súile is d'atfadh an t-éadan timpeall orthu* 19. *Tá ~ ar do shúile mura n-aithníonn tú é* 19, tá tú caoch . . . *Cuirfidh mise ~ ort* 20, buaillfidh mé thú. 2. *Buille. Thug sé ~ dhó* 20. 3. *Faoi do ~ fhéin* 19, faoi do smacht féin.

smairtneach f. *Rinne sé ~ dhó* 20, ghortaigh sé é.

smais(e) b. Maise. Is deacair smais a chur air 20. *Réis nach bhfuil smaise ná glóire nadúr na Beáltaine le feiceál sa mí seo . . . 24 Iúil. Tá chuile bhean ag iarra gas a bhfeadfadh sí go smais agus go shlacht a chuir air a' teach l'aghaidh an fhéile* 24 Nollaig.

smaiseach aid. *Maisiúil. Cailín ~ 32. Éadach ~ 20.*

smaisiúil aid. *Maisiúil. Ní obair ~ a chuid oibre* 20.

smaitín f. *Duine mímhúinte. Nach tú an ~!* 19.

smál f. ~ dubh 19, dúchan prátaí.

smalcaire f. *Gasúr maith láidir (a itheann béile maith). Tá smalcairí clainne aige* 20.

smalcann. *Smailceann. Nach é a smalc!* 20. *Ag smalcadh úllaí* 20.

smaoiníonn. Dá smaoineoinn orm fhéin . . . 20, dá ndéanfainn machnamh ar an scéal (ní 'orm féin' a bheinn ag smaoineamh ach ar na cúrsaí go ginearálta) . . . *é ag smaoiniú air fhéin . . . 19.*

smaois b. *Pus míshásta. Dá bhfeiceá an ~ a hainic air* 24. . . . *Micil na smaoise. Ní fríomh ar shuimreas intinne riamh é ach a' glámóid ar fad* 24.

smaoiseachán f. *Pleidhce, amadán* 20.

smaoiseáil a. br. *Ag ~ a chéile* 32, ag bualadh a chéile lena ndoirn. *Bhí sé ag ~ faoi is thairis* 20.

smaoisireacht a. br. *Síorchaint sheafóideach* 20.

smaol. *Smólach* 19.

smatraíonn. *Creaplaíonn, fágann cithréim ar.*

Smatraigh sé é léir bhuaíl sé air 20. Tá mo chuid méarachai smatraithe ó bheith ag ceangal coirce 20.
smeach¹ b. Beach. *Seachain a gcuireach a' ~ doith ionnút* 24. ~ *chapaill* 24. *A' ghoid sibh a' mhíl a' fad ó na smeacha?* 24 mil.

smeach² 1. Dada. *Ní raibh ~ le díonamh aige* 20. ~ *oibre* 32. *Dhúin ~ a rinne mé ó mhaidín* 20. 2. Smeachóid. *Níl ~ sa tine* 20. 3. *Níor fhan ~ ina cheann le ól* 19, sméaróid chéille. 4. Cíc. *Tharraing sí [capall] ~ air* 20.

smeachaide. Smeachóid. *Níl ~ ar an teallach* 20. *Níl ~ inti [sa tine]* 20.

smeachail a. br. 1. Baint smeach as na méaracha 20. 2. Cúirtéireacht. *Tá mé ag ceapadh go bhfuil J. ag ~ léith sin* 19.

smeadar f. Beagán. 1. *Tá ~ gaoil eatab* 20, . . . fíorbheagán gaoil. 2. Buille. *Bhuaíl sé ~ sa bpus air* 20. 3. Buille oibre. *Ní bheidh tú in ann aon ~ maitheasa a dhíonamh amárach* 20. *Ní dhearna sé ~ oibre ó mhaidín* 20.

smeagann. Sméideann. *Smeag sé shúil anonn air an airgead* 24 clann. . . . *ach le smeagadh do shúl chlaonadh sé [múille] agus rachadh sé air tharraingt arís* 24 muc.

smeaic. Cion. *Bhí an-~ agam dó* 24A.

smeaid. Smid ná ~, focal ar bith. *Níor labhair sé smid ná ~* 20. *Smid ná ~ níor hainic amach as a bhéal ar a' bhfad sin* 24 siúlann.

smeaig. Brí, fuinneamh. *Níl aon ~ ann* 19. *Thit sé as a sheasamh is níor fhan ~ ann* 19.

smeairt /sm'art/. Píocúlacht. *Ní fhéadfaí ~ a chuir ansúid* 20.

smeairteailte /sm'arta:LT'ə/ aid. Cliste, aibi 20.

smeairteailteacht /sm'arta:LT'əxt/ b. Clisteacht. *Dhá ~ á raibh na Blácaigh . . .* 20.

smeámh f. 1. *Níor fhan ~ sa sagart faoi gur i mBéarla a d'fhreagair sé é* 27.1510, baineadh stangadh as. *Níor fhan ~ sa bpobal* 27.984. 2. . . . *ní fhágann sé ~ ionnam* 24 bualadh, ní fhágann sé brí ar bith ionam. 3. *Agus ba gheárr nár fhan ~ ann* 27, . . . gur cailleadh é. 4. *Níl ~ sa tine* 20, níl dé . . . 5. *Is gearr gur thosaigh ~ codlata ag teacht orm* 20, . . . suanaíocht chodlata . . .

smeárbhán f. 1. Dath dubh. *Chuir sé ~ ar a éadan* 20. 2. *Ag iarraidh a bheith ag cur sméarabháin orm i lár an lae ghléigil* 20, . . . dallach dubh orm . . .

smearach aid. Salach, smeartha 20.

smearachán¹ f. Duine mímhúinte. *Á bhfeiceá an fhreagairt a hug a' ~ grána ar a' bhfear croi a d'iarra dó cé dtiúrach a' bothar seo é* 24. *Ná sala do láimh leis a' ~, fág a mhúinadh ar dhuine eicint eile* 24.

smearachán² f. Beagán. ~ *gaoil* 20.

smeaíthne b. Beagán aithne. *Gur chionn [chinn] Dé go dtug mé ~ ar a gcráin ghé* 24 solathraíonn. *Bhí ~ agam air* 20.

smeárog b. Bean óg gan chuibeas, gan slacht. *Go bhféacha Dé ar a' bhfear bocht a mbuailfir air a' ~ ar a bhfuil sibh a' cainnt* 24. *Níl cuma thóin ná cheann ar na sméarógaí ar a' teach réis a bhfuil ann acu* 24.

sméarthacht a. br. *Ag ~ do chinn* 19, ag cur na méaracha trí do chuid ghuáige (le linn machnaimh).

sméirín. Ainm ceana ar bhó dhubh 19.

smiáróid b. Sméaróid 20.

smid f. Focal. *Bhí ~ eannaí beaga ansin ag an bhfear a bhí istigh* 20, is beag a raibh sé de mhísneach aige a rá. *Bíodh smideannaí beaga a'd!* 20, ná labhair focal.

smig b. *Bhí sé go ~ i bpluid* 19, ina chodladh sa leaba.

smigea(r)lach f. 1. Féasóg smige 20. *Smigealach an ghabhair* 20. 2. Athsmig. *Bhí smigealach feola air* 20. 3. *Smigealach cailf* 20, cailleadh a bhfuil athsmig uirthi.

smigin b. *Píopa ~* 19, píopa cailce a bhfuil smig bheag anuas as íochtar an chloiginn.

smigineach aid. *Dúidín ~* 20, dúidín a bhfuil smigin bheag anuas as íochtar an chloiginn.

smíochann. Buaileann go tréan. *Smíochfaidh mé thú!* 20. *Ag smíochadh a chéile* 20.

smíor f. *Chaith tú go dtí an ~ í* 20, chaith tú beagnach ar fad í [lá]. *Iad a bhearradh go dtí an ~* 20, [ingne] a bhearradh an-ghearr.

smísteálann. Maraíonn. *Smísteáil sé muic le aghaidh na Nollag* 20. *Tá sib á smísteáil* 20, tá sib á [éisc] marú (go tréan). *Tá sé smísteáilte* 20, tá sé [mada] maraithe [ag carr].

smól f. Spól fíodóra. *Urchar smóil* 20. *Biorán smóil* 20.

smólach. 1. ~ *fhíáin*, 'mistle thrush'. *Tá saigheas eile ~ ann a' dtugtar a' ~ fhíáin eirí. Sén dath céana go dtreach atá air na smólaí eile atá eirí ach gur mó is báine ina brolach í ná iad agus gur mó í a bhfad* 27.1253. 2. *Bean bhreá óg. Bfónn sé a' cuir na bpuis-mhrá san aer nuair fheiceann siad na smólachaí óga fáil tús 24 puibhean.*

smúdar f. ~ *aráin* 20, grabhrúca aráin.

smugaílt a. br. 1. Caint íseal dhoiléir. *D'aire sén chogarnail agus a' ~ ar bun ag a' tseanbheirt . . .* 24 *pósann. Ná bí ag ~ do chuid cainte* 19. 2. Cogaint, diúl. *Lig de do ~ air* 19, éirigh as a bheith ag diúl (píopa tobac a bhí folamh). *Ná bí ag smugaílt air sin* (ar a dhriodar dí) 19.

smugaide f. Duine pusach stáineach. *Deabhal mara tú an ~!* 19. *Smugaídtá doaine* 19.

smugaírlé f. 1. (a) ~ *cuaiche*, seile *cuaiche*. ~ *cuaiche a níos an dreolán teaspaigne* 20. **(b)** *Ní bhéarfhannt ~ cuaiche air a chórá* 27.1303, ní fiú dada . . . dar liom. *Ní bhéarfhá ~ cuaiche ar a ngearra beag . . .* 27.7. . . . *ach na sean-lámha a bhí a gcleachta na bpíopaí cré a gcatha an tsaoil, ní bhéaradh siad ~ cuaiche oru [ar na píopaí adhmaid] lena n-ais* 24 *píopa*. 2. **(a)** ~ *leanna*, cúpla deoch leanna. *Ra aon smogarle leanna guibh?* 24. *Go bharr a' smogarle leanna bhí aguín thug sé croi dhúinn* 24. **(b)** *Ní bhéarainnt ~ leana ort héin ná air a' bpiolaire bhfuil tú a' cainnt air* 24 *piolaire*, ní fiú dada . . . dar liom. 3. *Ní thiúrfainnt ~ tobac ar a chomhrá* 19, id.

smugarnaíl b. Mungailt chainte. *Is grána an rud bhe smugarnaíl chainnte* 24.

smúid *b.* Ceobarnach, smúit. *Bhí ~ ghrána báistí ó mhaidín ann 24.*

smúidiúil *aid.* Smúitiúil 24.

smuigiléara *f.* 1. Smugachán pislíneach 20. 2. Duine a bheadh ag imeacht ó áit go háit ag cabaireacht is ag iarraidh eolais 20. 3. Bithiúnach 20. *Nach thú an ~!* 20.

smuigiléarach *a. br.* Cabaireacht, cocaireacht. *Ag ~ chainte 20. Lig de do chuid ~ 20. Ag imeacht ag ~ ansin i gcónaí 20.*

smuile *b.* Drochghíumar, stuaic. *D'aithin mé air go raibh an ~ istigh ann 20.*

smuilcéara *f.* Duine a mbeadh pus stuaice is cantail air 20.

smúiteánach *aid.* (Aimsir) smúitiúil, é dorcha plúchta gan báisteach 19.

smuítín *f.* 1. Duine neamhshuáilceach, pusach, sochorraithe chun feirge. ~ *beag gan mórán suáilce 19. 2. Pus, cuma chantalach. Bhí ~ air 20.*

smuítíneach *f.* Smuítín 1 (*q.v.*) 20.

smut *f.* 1. Barr bróige. *Féach bróga an phutáí a cheanna mé an lá hana dhó, an ~ caifí hana annú 24 putach. 2. Colg ar eorna 20.*

smutáil *a. br.* Bualadh, dornáil. *Ag ~ a chéile 32.*

smutaireacht *a. br.* (Ag) iarraidh troda, sáraíocht. *Ag ~ liom 19.*

smután *f.* 1. Fód mór móna. *Smutáin mhóra ramhra 20. 2. Casúr smuta caite 20.*

smutann 1. Caitheann barr ruda, faobhar ruda. *Smut sé [talamh cloiche bige] mo láí 20. Ag smutadh na mbróga faoi chlocha 20. Tá do chuid iongachaí smutáí agat 20, . . . cogainte agat. Canda aráin a bheadh leath-ite bheadh sé smutáí 20. 2. Baineann an smut d'eorna. ~ *siad an eorna 20.**

snadhmadh /sni:mə/. Snaidhmeadh. *Tá an chnámh ag ~ 19.*

snáfach *f.* Snafach. 1. *Bhí ~ faoi [asal] 20. 2. ~ pósta 20, fonn pósta. Is maith luath a bhí ~ faoi [fhear] 20.*

snaf(h)a *aid. bhr.* Báite fliuch. *Bhí an áit fúthab snaftha 20. Bhí muid snafthaí go craiceann . . . 24. Ní bheidh sibh lea beala nuair a bheidheas sibh snafthaí 24. Bhí mé snaftha le allas 20. Snaftha go craiceann 20. Bhí mé snaftha le faitíos 20. Tá an t-uisce a' seilt as do chuid éadaí, tá tú snafthaí go craiceann 24 seileann.*

snag *f.* Duine lag tanaí, drochbhreathnaíoch. *A shnag! 20. Nach é an ~ é! 20.*

snag *²* : **snug.**

snágaíocht *a. br.* Snágaireacht (*q.v.*) 20. . . . *gan a bheith ag ~ leis an obair 20.*

snágaireacht *a. br.* Obair go mall, imeacht go mall. *Ag ~ leis 20. Ag ~ leis an obair 20.*

snaidhm /sni:m'/. 1. Ceangal áirithe. ~ *caillí 19, snaidhm nach guirfí go ceart. 2. Buille. Thug sé ~ dhó 20. Buail ~ air sin 20, buail é sin (cárta). 3. Pian. *Bhuail ~ aniar i mo dhroim mé 20. 4. ~ stoithí. Gabhfaidh sé go ~ stoithí leat é a dhíonamh 19, cuirfidh sé go dtí do dhícheall.**

snaidhmeáil /sni:m'a:l'/. *a. br.* 1. *Ag ~ chainte 19, ag caint raiméise. 2. Ag ~ siar is aniar sa gcaithaoir*

19, ag corraí . . . 3. Snaidhmeadh. *Bhí mé á ~ le chéile 19.*

snáithe *f.* 1. *Ní raibh ~ de na seacht n-éadaí air 20, níl raibh aon éadach [de rath] air. 2. Neart. Is ann a bhí an snáth, agus a' saol a fuair sé gan tinneas gan tromas gan múcha gan giorm-anála . . . 24. Is iomaí tíoráil bhrise-croimhail a ndeacha sí ríd agus féach na dhe sin a' snáth a bhí inntí 24. Ní fear mór a bhí in Hanraí Beag ach go raibh an t-an-snáth ann 27.628. 3. A' coinneáil snáth sa bhfiacaíl 27.347, ag saothrú oiread is a choinneadh beo duine ar éigean. Tá sé a' coinneáil snáth sa bhfiacaíl leof ní fheisin [ina dhiaidh sin] 24. An méid go phinsion atá mise a fháil . . . níl ann ach go bhfuil sé a' coinneáil snáth sa bhfiacaíl 24. Choinne an tseanmhóin snáth sa bhfiacaíl linn go dtainic a' mhóin nú 24.*

4. ~ *an tsíolrú [sa muc bhaineann]. Air a taobh a chuirí an gearra 'oe snáth an tsíolrú a bhaint amach. Ní thiucach aon chúl éirí woe sin amach 24 muc. 5. D'ime chuile shórt mar a snáth síoda 24 reilig, d'imigh chuile shórt thart go réidh síochánta. 6. Snáithíochtaí duán alla 20, téada duán alla. 7. ~ na n-easpaí 19, snáithe éigin a leigheasann easpaí.*

snáithín *f.* *Tá mé chomh lag is go gceanglódh ~ luachair mé 19, . . . an-lag.*

snámhaíl *a. br.* Snámhaíocht siúil. (Páiste) *ag snámhaíl leis 19.*

snámhaíocht *b.* Snáfach 2 (*q.v.*). *Tá ~ ban ag tíocht faoi 19. ~ pósta 19. ~ baintrí 19.*

snámhaireacht *a. br.* Snámhaíocht. *Ag ~ ar an urlár 19 [le páiste].*

snámhann 1. Cuireann ar snámh. *Shnámhadar í 32, chuireadar [bád báite] ar snámh. 2. Gluaiseann go mall (le rud). *Dhá n-oscáil go tapa é gan lígean dhó [doras] bheith ag snámh mar sin 20. 2. Fliuchann go mór. Snámhadh sa leapa í 20.**

snaoisín 1. Gheobhaidh siad ~ 20, buailfear iad, gheobhaidh siad gnáimh le crinneadh. *Tiúrfaidh siad ~ dhób 20, buailfidh siad iad. 2. Bhí an tuí ina ~ 20, bhí an tuí an-tírm. Bhí sé [adhmaid crionlofa] ag imeacht ina shnaoisín 20. ~ luachair 19, an t-ábhar bán istigh sa luachair. 3. Tá mé chomh lag is go gceanglódh ~ luachair mé 19.*

snáth *f.* 1. *Tá ~ i mbarr an láin 19, tá riar mhór feamainne . . . 2. Tá tobac ina shnáth mara anocht 20, tá tobac an-fhairsing anocht.*

snáthad *b.* 1. 'Injection' 19. . . . *le goirid anuas sí an ' ~ ' tá siad [beithigh] fháil 24 fiabhras. 2. ~ phacála 24, snáthaid mhálaí. Snáthaid phaca 31 id. ~ fhúála 20, snáthaid le rópaí a chur ar thuí. 3. 'Outrigger'. ~ ceathar, ~ beirt 27.201. Ní raibh aon tsnáthad hochtar ann san am sin 27.201.*

snáthadán *f.* Breac fada caol áirithe 19.

snea *b.* 1. Sníodh 20. 2. Duine beag caite suarach 20.

sneach *b.* 1. ~ bhreac, snag breac. *Tá daoine ann tá an-phirseogach dtaobh sneacha breaca 24. Maidir leis a' ~ bhreac, sa sgeach gheal is colgaí ar bith a dhíonas sé í 24 need. 2. Na sneacha breaca 24 breac, ba Freaslannacha.*

sneáchán *f.* Duine beag lag caite 20. *Shoraí ort, a shneáchán! 20.*

sneachta *f.* 1. *Caith ~ ar a lorg!* 20, níl seans ar bhí é a fháil. *Lean ~ ar a lorg* 19, *id.* 2. *Is acu bhí na poirt bhreá. Sheas sa ~ ag éisteacht leofa* 24 *port.* . . . ba bhreá leat a bheith ag éisteach leo. 3. *Tá ~ in Ifreann agus eisean a bheith istigh* 20, rud iontach is ea eisean a bheith istigh. 4. *A. Cá'il . . . ? B. Cá'il an ~ mór a bhí anura ann?* 20, [= níl fáil ar an rud atá á thórafocht].

sneágaí *f.* Duine lag caite suarach 20.

sneaip /ʃn'ap'/ *f.* Babhta gearr codlata. *Bhain mé ~ collata amach* 20.

sneaipeáil /ʃn'ap'a:l'/ *a. br.* Suantaireacht, idir codladh is dúiseacht. *Ag ~ chollata* 20, 19.

sneatar /ʃn'atar'/ *f.* Srón mhór. ~ *de shrón air* 20.

snic /ʃn'ik'/ *s. br.* *Snic sneaics* 20, 'knick-knacks'.

snig /ʃn'ig'/ *b.* Deoir. 1. *Níl ~ ina chorp* 20, tá sé [féar] breá tirm. *Ní bheidh ~ ina chuais tar éis na hoíche anocht* 20, beidh sí [móin] an-tirm. 2. *Níor fhága sé ~ ina chluais* 20, mharaigh sé é. 3. *Ní raibh aithne ~ air* 20, ní raibh aithne air gur raibh deoir ólta aige.

snigeálann /ʃn'ig'a:lən/. *Maralonn. Shnigedíl sé é* 20. *Ní bheadh sé i bhfad dhá shnigedíl* 20.

snigán *f.* Seagán. *Tá obair na ~ cho hiontúil le obair a' bích beó sa saol* 24. *Ní chreiteá ach cho géar is tá pinse an tsnigán* 24. *Is géarr a bhíonn na snigáin a' díona na bpucaí* 24 *paca.*

sníomadóir *f.* Sliomadóir 19.

sníomadóireacht *a. br.* Sliomadóireacht 20.

sníofaí *f.* Camann, stangann. *Sníofaídh mise thú!* 20. *Sníofaídh mise na heasnachaí a'd!* 20 (athair ag bagairt ar a mhac). *Sníofaídh mé an maide seo ar do dhroim* 20.

sníotar *f.* Duine fuar agus cuma an fhuachta air 20. *A shníotar na bpucaí!* 20 - le duine fuar a mbeadh go leor éadaigh air.

snoite *aid. bhr.* Caite (ach gan stróiceadh). *Tá do chuid éadaigh ~ go maith* 20.

snua /snu:/ *f.* *Snú ná snas na ra air!* 24 *oibríonn,* (eascaine). . . *go chaora dubha grána gortacha a' breanu gan snú ná snas* 24 *eidheanáin.*

snuamhar /ʃnu:wə:/ *aid.* Snúúil. *Bean shnuamhar lasúil* 24.

snug *f.* Snag. *'Ní thainíonn a' ~ liom a hug sé anois leis, sé m'aimhreas' a deir sé 'go bhfuil a' bás a' brú leis'* 24. *Tá ~ an bháis ann* 20. *Bhí ~ ann le faitíos* 20.

snugaíl *a. br.* 1. Cneadaíl. ~ *an bháis* 24. . . *agus thú a' ~ cheal aer ná gaoithe go bhárr anshó do chuid scamhógai* 24 *scamhóg.* 2. *Ag ~ chainte* 20, *ag snagaireacht chainte.*

snumann. 1. Fásann (cnámh) ina chéile. *Snumfaídh sí uaithi fhéin arís* 24. *Bhí sé ag tosaí ag snumadh* 20. 2. Scamhann (slat, etc.). *Snumtar na slata* 20. *Snumtaí na broibhs* 20.

so-réim. *Ar so /su/ a bhíonn an príomh-aiceann. Má leanann guta fada é, is minic an /-u/ báite, e.g. so-ólta thíos.*

só *f.* *Go dtuga Dia ~ dhuit air!* 20 - go dtuga Dia deis duit só a bhaint as (teach nua, etc.). *Tá teach deas agaibh, go bhfá sib a shó!* 20.

sobhainte *aid.* Furasta a bhaint. *Bhí na clocha a bhí sa gcoiléar sin ~ agus sobhriste* 27.1181.

sobheaithe *aid.* Furasta a bheathú 20.

soc *f.* Sá. *Hug sé ~ de mhaide isteach sa mboig dhó agus chuir sé líbarnáil é* 24. *Chuir sé driúilíní 'na shúile leis a' ~ go mhaide hug sé ins na heasnachaí dhó* 24.

socair *aid.* Suaimhneach. 1. *Súilí socaire* 19, *súile nach mbeadh ag corraí go minic.* 2. . . *tá sé [bromach] cho ~ le cut* 24 *treabhann. Bhí ceann acu [múillí] cho ~ le cut* 24 *síneann. Tá sé cho ~ le uan caorach* 24. *Chomh ~ le lao na bó* 20. 3. *Agall a déarfai le capall a mbeadh faitíos uirthi. ~; ~ anois!* 20.

sochairde *b.* Sochraid 20. *An rabh go leór ar a' t~?* 24. '~' *an tranóna a tugtar eirí [sochraid chuig an séipeál] agus '~ na maidne' ar a gceann go dtí an uagh* 24. '~ *Chríost' a thugadh na sean ndaoine eirí* 27.759. . . *mórshúil chorp Chríost (sa séipeál nó taobh amuigh).*

sochar. *Ar a ~, ag tál bainne tar éis lao. Nuair a bheas sí ar a ~ díofaídh muid í* 20. *Fágann sin ceann a' tfocht isteach air a ~ i gcónaí aige* 24 *ligeann. Tá muid rití 'mach as bainne anois nó go dtaga an bhó eile isteach air a ~ arís* 24 *ritheann.*

sochoisnithe *aid.* [Garraí] furasta a chosaint 20.

sochomhairlithe *aid.* Furasta a chomhairliú 20.

sochreidte *aid.* Réidh le rud a chreidiúint. *Duine ~* 20.

sochruinnithe *aid.* Furasta a chruinniú 20.

socúil *aid.* Sócúlach 20.

socúl *f.* Sócúl. *Is tú atá a d'iarraidh an tsocúil* 20. *Fan ar do shocúl* 20.

socúlach *aid.* Sócúlach. *Áit shocúlach* 20. *Bhfuil tú ~ ansin?* 20.

sócúlach *aid.* *Chó ~ le Rí Saxon* 24.

socúlacht *b.* Sócúlacht 20.

sodairne. Bean óg chontráilte. ~ *de dhuine í* 19.

sodar. 1. (a) *Ina ~, ag sodar.* . . . *torran mar bheadh capaill ina ~ a dhéanamh* 27.431. (b) *Tá sí [capaill] sna sodair* 20. *M'anam go ngabhfadh agus go mbeadh sna sodair ag goil ann* 20, . . . *go mbeadh an-fhonn air a dhul ann.* 2. (Le bréagadóir). *Chumfadh sé an oiread bréaga is a dhíonfadh mada de shodar* 20. *D'inseodh sé an oiread bréaga is a d'inseodh mada de shodar* 20.

sodarnach *a. br.* Sodarnaíl. *Ag ~ i mo dhiaidh* 19.

sodóg /suo:g/ *b.* *Sudógai luaithe* 24 *dorchadas, cácaí beaga a bhruifí ar splanc.*

sofaint. Somhaoín. *Cha sé a bhfad a' míniú an ~ a baint as an scéim . . .* 24 *míniúinn. Bhain sé ~ mhór as* 24A.

sofhoghlamta *aid.* Furasta a mhúineadh 20.

soghearrtha *aid.* Furasta a ghearradh 20.

soifín. Brabach, somhaoín. *Tá an siopa dhá rithe i gcónaí in ainm a' tSáirséalai aig a mbaintreach, ach níl aige ach a' t-ainm. Is aici atá ~ na háite* 27.693. . . *ó d'éirigh an ~ leofa* 24A. *Má bhíonn aon bhoigeacht ag imeacht air ball feicfí tú gur acu a bheidheas a ~* 27.850.

soilí. *Mac ~* 20, 31, *mac mídhlisteanach.*

soilisin *f.* Solas beag 20.

soill *b.* Tá sé [duine] tite 'un soille 20, . . . chun feola.

soilleann 1. Meascann le. *Shoel sé na cacana leis a siúcra* 27.17. *Chonaic mé fhéin maith na muice (bshin é cac na muice) dhá chuir le droch ghearradh agus é soilte in siúcra donn 24 crann sponáin. Tá mo chuid tae soilte le siúcra 20, tá an iomarca siúcra ar mo . . .* 2. Leasaíonn. *Craiceann beithíoch a shoilleadh* 19. *B'fhearr liom soilte i Sasana ná ag éisteacht leis 19, b'fhearr liom íde dhá dhonacht ná . . .* 3. Creachann (de bharr praghas ró-bheag a fháil ar earra, nó praghas rómhór a thabhairt ar earra). *Fua sé cho gar le na deich n-aithne dhom a bheith saillte aige meireach a' té a hainic agus chuir ar an áirdéal mé go rabh luach na mbeithí suas ar leith* 24. 4. Buaileann, buaileann bob ar, baineann mealladh as. *Nach shí a hobair a bheith saillte aige á bpósadh sí é. Bean agus clann tháill i Meiriceo aige* 24. *Fear Mhionlai go díreach a fuair a' soile 24 rása, . . . a buaileadh sa gcoimhlint agus gan aon tsúil aige leis sin.*

soineantas *f.* Soineantacht. *Níl sé do shoineantas ná a'fheiliúntas iontab é a inseacht* 20.

soinneán : sionán, sinneán.

soipín *f.* Ní haon ~ réidh é 19, is duine cantalach é. **soipinteacht** *b.* Obair fhánach. *Ní raibh sé ag díonamb aon bhlas ach sórt ~ 19.*

soir dobh 1. Thoir. *Tá daoine an tsaoil ~ ann* 20. 2. Go teach na nGealt [thoir i mBéal Átha na Sluaighe]. *Bhuail rud éicint sa gceann é agus cuirú '~' é 27.702. D'éirigh sa gceann air mhac Connoir annsin agus b'éigean é a chuir '~' 27.606.* 3. Cuireann sé mise ~ 19, . . . as mo mheabhair. *Chuirfeadh sé ~ amantaí mé ag caint* 19. 4. I dtreo na tine. *Baile suas na soithí sin gon bhóird agus scuab ~ a' teach 24 bailíonn.* 5. *Is cuma leis á dteoch ~ siar agus siar ~ 24 drabhlásáí, is cuma leis céard a tharlaíonn. Nár ba ~ siar leat! 20 - eascaine le rá le duine a bheadh ag dul ar aistír.*

soiscéal : siscéal.

so-ite *aid.* Furasta a ithe, blasta 20.

soitheach *f.* . . . agus é a' báisteach mar bheach sé as béal soithí 24 buaileann. ~ an lao 20, broinn na bó. *Bó a chuireach amach ~ a lao réis beirthe, bhí sé in an a chuir isteach aríst mar bhí sé roimhe sin* 27.925. *Bhí air ~ nó áit a' tsoilru a ghearradh aistí [muc bhaineann]* 27.1148.

solabhartha *aid.* 1. A labhraíonn go soiléir. 19. 2. Tapa chun cainte 19.

solamóir *b.* 1. Solamar, bia maith. *Tá an chearc gheat in a ~ dhá hiche ag roinnt daoine 24 cearc gheat. Beidh ~ mhaith anocht ann* 24A. 2. Brabach, tairbhe. *Ní ~ mhór a bhí coróin sa tseachtain in an a cheannacht* 27.347.

solas *f.* 1. ~ an lae. (a) *Is mór leis solas a' lae dhuit ní airim céo ar bith eile 24 santach, ní maith leis rud ar bith a bheith agat. Duine nach dtiúrfadh ~ an lae dhuit 24 duine gortach.* (b) *Níl solas a' lae le creistiúint uaidh 24, níl dada . . .* 2. *Doir soilse an lae! 20.* 3. *Shf. Is mairg ólannas cuid an tsolais 20,*

is mairg a chaitheann airgead riartha an tí (?). 4. *Bhí sé ag dul amú agus ~ aige 20, bhí sé ag dul amú cé go rabhthas ag tabhairt an eolais dó.*

solasach *aid.* Solasmhar 33.

solastaí *aid.* 1. Solasmhar, geal. *Tá an bothar breá ~ anois ó bainiú na cruinn a bhí ar chaon taobh dhó 24. Oíche bhreá sholastaí 24A.* 2. Aibí, eolach. *Tá daoine bhfad níos ~ anois ar a lán bealaí har fadó 24.*

soláthraí *f.* Ainmí nó éan a sholáthraíonn dó féin. *Is maith an ~ i 20 - le bó a sholáthraíonn di féin in áit nach mbíonn mórán beatha. 'Is ait na ~ beaga' a déaras duine le laontai tá anáil a bhe tóici ó bhaine, nuair a imíonn siad hart sna bóithrí a' piuca dhaofa héin a gcath' an lae 24. An lóndubh agus a' smólach na ~ is férr . . .* 24. *Is dona na soláthraithe iad na lachain 20.*

soláthraíonn Cuartaíonn. *Chuala mé gur cha siad a' lá go mo sholáthar ar fud na Gaillimhe . . .* 24. *Bhí siad go mo sholáthar go cruu ar fhaitíos go mbeach aon cheo an aghaidh an dlí ar iompar agam 24. Sholáthair muid ar bhóthar is ar bhealach i [bodóg] agus ní bhfuair muid tuairisc a' bich na taobh 24.*

soleagtha *aid.* Furasta a leagan 20.

soleasaithe *aid.* Éasca a leasú 19, 20.

somach *f.* Páiste ramhar 19, 20, 32. *An ~ de pháiste ina aois 20.*

somadhán *f.* Cruach bheag arúir 20.

somhaoín : sofaint.

sompla /su:mplo/ *f.* 1. Ainmí beag caite 20. 2. *Déanfaidh mé ~ dhíot 19, buailfidh mé thú.*

som sam. Súm sám. *Á mbeadh ~ g'fhear ann nach chuir aon tréas air bhean in a shaoil . . .* 24 pósann.

son 1. *Ar ~ go, toisc go. Síleann sé gur ceart umhlú dhó ar ~ go bhfuil sé ina gheangear 20.* 2. *Dar a shon, dar ~, cad tuige? Doir a shon go ndéanfainn! 20, cad chuide go ndéanfainn, ní dhéanfainn go deimhin. Doir a shon nach dtiúcfainn 24 srón. Dar ~ go mbeadh sé ag éileamh a chuid gon talamh sin 24. Dar ~ nach labhairéad air do cheart 24 dar son.*

sonaisín. Agall ag glaoch ar bheithíoch 20.

sonas *f.* ~ ar do láimh 19 - focal bufochais as rud a fháil ó dhuine. (Is an t-ádh ar fhear a ghlactha 19 - freagra na beannachta).

sonasó. 1. Agall ag glaoch ar bhó 20. 2. Ainm ceana ar bhó 19.

sonc, -áil : suc(a), tonic, -áil.

so-ólta /'su,o:lta/ /so:lta/ *aid.* Maith le n-ól 20. *Nach é atá ~! 20.*

sop *f.* 1. *Ní thiúrfainn ~ tuí air 20, ní thiúrfainn dada air. Ní bhéarainn ~ tuí ar do chórá 24. Féar trí shop 24A, drochfhéar ar thalamh bocht. Deabhal comhaireamh na ~ a gheobhaidh siad 20, deabhal dada . . .* 2. Luifearnach. ~ a bheadh i bhfataí 20. ~ te 20, sop áirithe sna fataí - dhódh sé do bhéal. 3. *Níor fhága sé ~ ina shrathar 20, spréach sé (le fearg, ag gáirí, le fonn drúise, etc.).* 4. *Beidh mé a'd anois le iontú an tsoip 20, . . . ar an bpointe boise. Ní raibh ann ach ar nós iontú an tsoip 20, tharla sé go tobann.* 5. ~ sa leathscáth,

leathscéal de rud, sop in áit na scaibe, duine beag lag. *Ní raibh ann ach ~ sa leathscáth le ais an fhir mhóir* 24. *Ní raibh ansin [rud] ach ~ sa leathscáth* 20. 6. ~ faoi mo cheann, chloigeann, mo shúile, obair chráite inníoch orm. *A' cuir ~ faoi mo cheann atá tú gearra orm tuairise a thabhairt siar ar mo mhuintir duit* 27.1. *G'iarra an cíos sin a choinneáil locadh agus plaic a mbéil a bhaint amach, d'fhág sin ~ faoi na gceann fads a mhair siad* 27.16. *Dhá gcuirí a' cúire na gcloigne air alt mór druideamaí thú, d'fhéada rá go ra ~ faoi do chloigeann* 24 cloigeann. *Sin é a d'fhág ~ faoi na súile agus croí dubh acu* 24 Samhain. . . . *sin é an uair go dtéach a teannú leis agus a ra ~ faoi na shúile ag iarra a gcoinneáil as* 24 coinníonn. *Dream a bhfuil a bpóca teann . . . ní bhíonn leath stró oru a' tógáil a chúraim ach a' té nach bhfuil, bíonn ~ faon a shúile* 24 cúram. 7. *Sásamh na sop, an tsoip, sásamh ar bith. Sása na ~ níor hug sé dhó* 24 greim. *Ní bhfuair sé sása' an tsoip woe . . . , 24 daorann.* 8. Leaba. (a) *Níor chuala mé a leithide ariamh ó caitheadh ar an ~ mé* 20, . . . ó rugadh mé. *Tá sé [páiste] teagtha ar an ~* 19, . . . beirthe. (b) *Sna soip, ar leaba luí seoil. Bhí chuile bharúil acu go mbeadh siad sna soip hart air an am céana* 24 gobán. *Ní aireó tú anois go racha an bhean ins na soip* 24, . . . go mbeidh sí ina luí seoil. 9. *Ní chónóidh dhá shop faoi go ngabhfaidh sé ann* 19, ní dhéanfaidh sé aon suaimhneas go . . . *Ní chónóidh dhá shop fúthub go bpósfaidh siad* 19. 10. An píosa is lú feamainne. *Níor bhain mé ~ i mbliana* 20. *Níl ~ isteach* 20.

sopach *aid.* 1. Gaofar. *Tráthnóna ann ~ a bhí ann agus é buile crua go maith* 27.1137. *D'éirigh an tráthnóna an ~* 27.373. *Bhí sé breá tirm ach go raibh sé sách ~ agus buile crua go maith* 27.1506. 2. Tui dín curtha go sraoilleach. *Tá sí an ~* 20.

sopadóir *f.* Tuíodóir. ~ a thugas an t-Árannach ar thúíodóir 20.

sopléasáilte *aid.* Soshásaithe 20.

során : **siorán**.

sós *f.* Sórt. *Sin é an ~ fear é* 20. *Cé ~ fear é sin?* 20.

sos *f.* Riar. *D'ith sé ~ maith* 20.

sost *f.* Tost. *Ní raibh smíd aisti ach í 'na ~ ag éisteacht* 24. . . . go raibh sí curtha ina ~ aige 19. *Chuir sé ina ~ í* 20.

sotach *f.* Páiste (fir) mídhlisteanach 19, 20.

sotharranta(f) /'su,harənti:/ 24A. So-tharraingthe, so-iomartha. (a) (Le bád). *Féach bád níl tá éadrom ar an uisge cho so-tharraingte is atá sí har seanbhád i bhfuil aois eirí* 24. (b) (Le carr) *Am ar bith a bhfán fear capuill nó asail cárr níl is iomaí duine fhíarruigheans dó an airíonn sé so-tharraingte nó do-tharraingte é* 24. (c) (Le duine) *Somheallta le cabhair a thabhairt. Réis go ra droch-ligean amach aige, fear an-so-tharraingte bhí ann dá dtástóch aon cheo uait agus thú a bhe a loer a' chasúir* 24.

sothóigthe *aid.* 1. So-chothaithe 20. *Capall ~* 20. 2. Éasca chun masla, chun fearg a ghlacadh 19, 20.

sotrígthe *aid.* (Dath éadaigh) a thréigfeadh go furasta 20.

sothuisceinneach *aid.* Tuisceanach i dtaobh deacrachtaí is mothúcháin daoine eile 24A.

spadach *aid.* Leamh (le deoch) 32.

spadaithe *aid.* 1. Spadánta sa siúl. *Tá an aois ag tíocht uirthi, tá sí ag breathú an ~* 19. *Tá sí ~ go maith* 19, le bó le haghaidh lao. 2. Tuirseach, trom. *Tá mé chomh ~* 19. 3. Fadálach, deacair a chaitheamh. *Tá an Domhnach ~* 19.

spadhar, -dhrann, -dhrúil : **speidhear**, -dhreann, -úil.

spág *b.* Abhóg. *Bhí chaon ~ dhá ra aige cho fada le bliain* 24.

spaga *f.* 1. Úth. *Tá ~ bainne aici* 20. 2. Cadairne. ~ *tairbh* 20, ~ *reithe* 20.

spágachán *f.* Spágaire 20.

spágáil *a. br.* *Níl sé ach ag ~ i ndiaidh a leithide seo d'fhear* 19, níl sé in aon ghiorracht do bheith chomh maith le . . .

spágaireacht *a. br.* 1. Spágáil. *Is ort atá an ~ ag imeacht* 20. 2. Siúlóid thart (go díomhaoin). ~ *ar a' mbóthar chaith siad a' lá. Go bhárr ~ an lae bhí siad tursach na dhé sin* 24.

spágálaí *f.* Spágaire 20.

spágchosach *aid.* Spágach. ~ *go math tá sé a' siúl. Bíonn daoine níos spág-chosáí na chéile* 24.

spaid *b.* Móin bhán fhliuch. ~ *bháite* 24. *Nach í an ~ í* 20.

spuidealach. Spaid (*g.v.*) 31.

spaidleamhnacht *b.* Leamhnacht a mbeadh cor géar inti 19.

spailp *b.* Spleantar, slisín. ~ *bheag* 19.

spáinneach *aid.* Fuáil ~ 20, fuáil áirithe bhíodh ar léinte.

spairteach *f.* 1. Seanmhóin gan mhaith. *Bádóir spairtí* 20, leas-ainm ar an mbádóir a bhíodh ag tarraingt mhóna go Gaillimh. 2. ~ *de chapall*, ceann a mbeadh siúl spágach liobarsach aici. *Tá sé an-cham-chosach a' breaná, deoul ceó ann héin ach ~ go chapall 24 cam-chosach.*

spallaíocht *a. br.* *Ag ~ chugam a bhí sé* 19, ag cur sáiteáin isteach chugam. *Ag ~ orm* 19, *id.*

spalpadh *f.* Spalpach. *Tá ~ mór ann* 24. *Tháinig an ~ triomaigh* 19. *Tá sé ina ~* 20.

spánann : **tuspánann**.

spara¹ *f.* Sáiteán cainte. . . . ó chaith mé an ~ *isteach* 19.

spara² *f.* Mála (dhá chéad). *Líon sé ~ fataí as an bpoll* 20. ~ *mór móna* 20. ~ *plúir* 20.

sparán /sbura:n/ *f.* ~ *na hascalla* 24 *ascaill*, sparán a choinníte faoinn ascaill.

speabhsáilte *aid.* Breabhsach 20.

spéadántacht *b.* Spadántacht 20.

spealadh *a. br.* *Bhí ronnachaí le ~ ann* 20, bhí ronnachaí flúirseach ann.

spealóg *b.* Camán beag. *Bhí sé cho math le ceachtar acu a' bualu (an bál) agus gan aige acht ~* 24.

speár *f.* 1. Sáiteán cainte. *Scaoil sé an ~ sin* acub 20. 2. Maide beag don tine. *Thoir ag tarraidh ~ a bhí mé* 20. ~ *annaí beaga* 20.

speartha *aid.* bhr. Dóirte do, an-dúilmhear i. *Ceóil eile a raibh na daoine spearca na dhiaidh, an band*

27.182. *Bhí sí spearcaí na dhiaidh 24 gile. Sin é an fá a rabh muid cho spearca i ndiadh an phíobaire 24 píobaire. . . . ach a' dárna bliain bhí sé spearcaí ina ndiadh 27.246.*

speic *b.* 1. ~ chloiche, cloch ghéar. . . . grabaire a fuair droch-ghearra ó ~ chloiche 24 stráca. Crochta as ~ go chloch 24 crochann. 2. ~ an ghadaí 19, glúcaíocht leis an lámh as cionn na súl.

spéice *f.* 1. Rinne sé ~ gréine dhó 20, leag sé é is d'fhág gan mothú é. 2. Duine nach bhfuil ag corraí. . . . is léar dom na spéicí atá a' súil le pósadh fós agus a bhformhór i bhfad níos sine ná na bain-treacha . . . 24 leasdeartháir.

speiceachán *f.* Speicéir 20.

speiceálaí *f.* Speicéir 20.

speidhear *f.* Spadhra. *Bhuail ~ é 20. Is iontach na ~ annaí theagas ann 20.*

speidhearúil *aid.* Spadhruíl. *Intinn ~ 20, Fear ~ 20.*

speidhreann. Spadhrrann. *An té is éasca gáire bhaint as sé is éasca speidhreadh 19.*

speir. Doirtéal, seirín, ar bhríste in fochtar nó as cionn an cholpa. *Beir air a' ~ uaim . . . go bhfille mé mo bhríste ceart 24.*

spéir *b.* 1. D'imigh sé le athrú spéire a fháil 20, . . . athrú aeir . . . Ag imeacht faoi ~ na tíre seo 20, . . . faoi aer . . . 2. Níl a fhios agat cén ~ is goire dhuit 19 – le duine an-aerach. 3. Nach í ~ na gréine í! 20 – le bean álainn.

speireadóir *f.* 1. Duine a bheadh ag caitheamh clocha le daoine 20. 2. Bean a mbeadh drochtheanga aici 20.

speireann. Buailéann agus gearrann. *Scuab nó speirfidh mé thú! 20. Bhí sé á speireadh le clocha 20. Tá mé speirthe aici [cloch] 19, . . . gearrtha . . . Speirthe ag spiacán de thairne 19.*

spéiriúil *aid.* Imíonn sí an- ~ 20, imíonn sí [capall] agus a cloigeann san aer aici. *Capall ~ í 20, capall í a mbíonn a cloigeann san aer aici. Chuaigh sí [bean] síos go ~ 20. Tá cloigeann ~ aici 20, . . . cloigeann breá crochta. Is í a bhí go ~ di fhéin 20.*

speirtheach. Spuaic a thógfadh bróg 19. *Ffr. spiorach.*

spéis *b.* Dúil. *Bhfuil ~ agaibh san im seo [im baile]? 20. ~ i ngail [tobac] 20.*

spéisiúil *aid.* 1. ~ i rud. *Is é a bhí ~ ann 20, is aige a bhí an spéis ann. 2. ~ ag (chuig). . . . go raibh sé ~ ag na leabhartha 20. Níl siad an- ~ a'inn 20, níl mórán spéise againn iontu. 3. Níl an lá an- ~ 20, níl an lá sách maith le dul ag obair.*

spensar *f.* Seaicéad gearr 'tuatach'. *Dá bheicéad an spensar go jeaicéad a bhí air. Siúd é suas a' bádóir/ agus é ina dhráir bán/ geaicéad go spenser air . . . 24 geaicéad.*

spiadóir *f.* Spiaire 20.

spiadóireacht *b.* Spiaireacht 20.

spiara *f.* ~ móna 20, balla dealaithe i dteach a mbeadh fóide móna ina lár idir dhá shraith cláracha.

spideog *b.* 1. Gitín (sneachta). *Thosa sé a' caitheamh spideogaí sneachta 27.933. 2. Pislín. Spideogaí fuara 24A.*

spigéalach *f.* Duine ard tanaí 20.

spigearlach *f.* Spigéalach (q.v.).

spig neanta. ~ an dá shúil déag. *Tá sí rour go math, níl sí ro fhada agus cosaí an-ghearr fuithe, Siúlann sí an-mhear. Da eidir dubh agus rua eirí agus sé cinn go shúile air chaon taobh dhui ó na cloigeann go dtí na deire 24.*

spile *f.* 1. Barra. ~ mór iarainn 20. 2. Tairne mór. *Is iomaí saigheas táirní ann ó'n chuid bheaga . . . go dtí na spílí móra atá anáil a bhe troigh air fhad 24 tairne.*

spilléad *f.* Spiléar 20. *Nuair atá sé a ligeann a' spiléid amach sea atá sé a cuir péist air a' duán 24.*

spin. Brí, beos. *Ní raibh aon ~ ann 20.*

spinear *f.* Girseach timpeall cúig bliana déag 32.

spiochann. 1. Saghdann. *Spiocha sé na dá mhada anois agus is gearr go bhfeice tú a' scournach a chéile iad 24. Bhí an diabhal dhá spiochadh cho mór is nach bhféatach sí stop . . . 24 úll. Spioch sé agus spreag sé fir a' bhaile chomh mór go dtug siad dubhlán na mBlácaí 27.404. . . . ach á dtosóidh [dtosófaí] á spiocha ná ag cuir air, bhí sé mar a' tine bhrúite 27.157. 2. Spreagann, cuireann ina cheann. *Níl fhios agum arbh é an béasa sin . . . a spioch muid 'na ngrabhairí ceann spóirt agus magadh a dhéanamh dó 27.319. Spioch sé air a bpointe iad go ra rud eicint suas 24 maitheann. Spiuch sin an dream a ra fairsingne an airgid acu gaoth a thóirt dó 24. 3. ~ ar. (a) Spochann le. Ag ~ ar an ngadhar 19. Ná bí ag ~ ar an gcút! 19. (b) Bíonn ag fídeáil le. *Ith suas é agus ná bí ag spiochadh air 19. 4. ~ as, spochann as. Tá sé le mí anuas a' spiocha asum . . . 24. . . . an chaoi a bhfuil sé [ag] spiocha aistí chuile uair a castar á chéile iad 24. 5. ~ le, bíonn ag fídeáil le. Níl sé sásta mar bhfuil sé a' spiocha le rud eicint 24. . . . a' spiocha leis a' teine 24. A' spiocha leis a' gcút . . . 24.***

spiodóg *b.* Spideog (an t-éan) 24A. *Ffr. sprideog.*

spionann. Mionaíonn. *Ní féidir na crapracha atá sa ngarraí sin a spiona . . . 24 crap.*

spionnann. Gortaíonn (le cloch a chaitheamh le duine). *Spionnadh mé le cloch thú mar bhfanfa tú amach uaim 24. É a spionnadh le cloch a bhí agut a dhéanamh 24.*

spiondar *f.* Spleantar. . . . go rabh tú i gcontúirt an tsúil a chaille le ~ ón gcloch. . . . rinne an púdar spiondars dhuiche 27.192.

spionsaraí *f.* 'Dispensary'. *Ní raibh aon ~ ann 20. Ag a' ~ 20.*

spior /sb'ir/ /sb'er/ *f.* Cipín. *Níl oiread agus sper agum a chuirinn sa teine 24. D'oere coilleach fraoch amach as a' tom agus mé a' baint a' speir sin 24. Ní fágú ~ ann nach ra sciopaí as 24 sgiobann.*

spiorach *f.* Spuaic a thógfadh bróg. *Thóg sí ~ orm 20. Ffr. speirtheach.*

spíút /sb'u:ʔ/. Faltanas. *Bhí ~ aige dhó 20. Meas tú raibh aon ~ istigh aige dhó 20.*

splé *f.* 1. Spleáchas. *Ní raibh aon ~ agum d'aon nduine acu . . . 24. Ní raibh aon ~ aige leob 20. 2. Urraim, beann. Sé'n ~ céana a bhí agum leis a'*

sagart agus bhí le fear a' bith eile . . . 24. . . nach ndéarna mórán ná beagán g'aon duine ach a' ~ céana a chatha leó air fad 27.255. Is beag a' ~ a bhí acu leis na daoine ach dá gcrocha mar na madaraí . . . 24 crochann.

spleabhtóig *b.* 1. Spleantar mór adhmaid. . . d'fhanach spleoutóig mhór a bhfastó gon bhun 24. 2. Spleantar de chloch. ' . . . a' góilt g'ourd air chloch agus gan féachtáil [féadachtáil] spleoutóig air bích a bhainnt . . . ' 24 Airtí Finn. *Ffr. spleotóig.*

spleanráil *a. br.* Caitheamh sáiteáin. Tá sí ag ~ chugam 19. Thuig mise go maith gur ag ~ bhí sí 19.

spleatar *f.* 1. Fear leisciúil liobarsach ag obair. Ní raibh ann ach ~ fir in aon áit dar oebre sé ríomh . . . 24. 2. Díonadh ~ ar an mbóthar dhe 19, leagadh é is d'fhan sé leagtha. . . . díonu ~ sa ngréallach agus sa lathach do 27.84.

spleodar *f.* Gaisce. Muintir a Chladaí a' déanamh iomarca spleodair as na buachailí matheha a bhí acu fhéin . . . 27.25.

spleota *f.* Duine mór fada 19.

spleotáil *a. br.* 1. Gortú. Ná tabhair an oiread sin spleotála dhó 19. Nach thú thug an ~ dhó 19. 2. Gearradh. Nach uabhsach an ~ a fuair sé 19 . . . gearradh . . . Nach é [an dochtúr] a rinne an ~ ort 19.

spleotóig *b.* Spleantar. An uair dheirmeach a cathú suas í [cloch] d'ime ~ duich 27.287. Nuair a scoilteá suas géag mhór go chrann le deancachal, ~ a bhéarú air chaon phiosa acu sin 24.

splince *b.* 1. Duine caoch 20. Tá tú i do ~ ! 20. ~ chaoch 20. 2. Cloch géarghobach. ~ de chloch 20. 3. Tá sí [an ghaoth] i súil na splince acub 19, tá sí díreach ina n-aghaidh.

splincéara *f.* 1. Splincéir 20. 2. Duine gortach 20.

splincéarach *a. br.* Gliúcaíocht 20.

splionach *f.* 1. Duine fada crom, gan fuinneamh 20. 2. Duine a bheadh caite sa mbealach ort 20. Éirigh as an mbealach, a ~ 20.

spliondarálann. Spleanráil. Spliondarálfadh sé sin thú 20.

spliota *f.* 1. Píosa mór. ~ feola 19. ~ talúna 19. ~ tobac 19. 2. Duine mór 20. Nach é an ~ é 19. 3. Tá sé ina ~ 20, tá sé sinte siar ina lui.

spliotálann. Maraíonn. Spliotálfainn anseo ar an nóiméad thú 20. Tá na Germans á spliotáil thar a chéile anois 20. Marab í an tseanbhean atá spliotáilte 20. Ag spliotáil éisc 20, ag marú dhe go tréan.

spliotrálan. Spliotálann 20.

splít /sbl'it/. D'Yosfadh sé ~ 20, . . . go leor.

spóca *f.* Sáiteán cainte. Ag caitheamh spócaí aige 20. Is a'd a chaithe sé an ~ sin 20. Ag scaoileadh spócaí aige 20.

spochadh *a. br.* Ith é is ná bí ag ~ leis 19, . . . ag ithe písíní beaga de.

spochailleáil *a. br.* Caitheamh smugairlí amach. Céardós ~ atá ort! 20.

spochán *f.* At faoi smig caorach nó beithigh.

Cothara mór go bhfuil caora a goil a' ceisniu nuair a fheiceas tú an ~ 24. D'fhéatach go mbeach leigheas air a' ngarla anois a choinéoch na spatháin gan a thíocht oru 24. Spothán 24A.

spogán /sbugan/ *f.* 1. Fód fliuch móna, práta uisciúil, iasc lofa 19. Tá sí (móin) ina ~ 20. Spogáin mhóra 20 - le prátaí. 2. Duine bog beathaithe. Níl ann ach ~ mór 20. Tá mé i mo ~ le allas 20. 3. Súile móra boga (caocha). Oscail do dhá ~ 20. Ní cheal spogáin atá ort! 20 - le duine nach bhfeiceadh an rud a bheadh sé a chuartú. 4. Duine caoch. Ní léar dhuit é, a spogáin! 20.

spóirt *b.* Spórt 20. 1. Deabhal ~ a d'ith tú ariamh ach iad 20, . . . rud breá . . . Is mór an ~ í 20, tá sí [cailín beag óg] go hálainn. 2. Ríméad. (a) (Le as). Bhí an-~ aige as 19, bhí an-ríméad aige as (teampall nua). (b) (Le i). Tá ~ mhór a' fhéin ionat fhéin, is níl ~ mhór ag aonduine eile ionat 19. Bhí an-~ i bpórtar aige 19.

spóirtúil *aid.* 1. Sportúil 20. 2. Croiúil. Bhí tine bhreá ~ aige 27.430.

spoitseachán *f.* Spoitseálaí (g.v.) 20.

spoitseáil *a. br.* Scriobadh na mbróg faoi chéile, faoi rudaí, le linn siúil. Is ort atá an ~ 20. Tá do threabhsar millte ag imeacht ag ~ 20.

spoitseálaí *f.* Duine a bhuaifeadh a chosa faoi rudaí, duine a mbeadh siúl cúng aige. Nach tú an ~ ! 20.

spóla *f.* Is daor an ~ é 20, is daor an margadh, an 'féirín', é.

spólóireacht *a. br.* 1. Scláradh. . . . leis a ~ a thugach sí dhom a' baint ceann acu [deilgne sa mhéir] mach 24 dealg. 2. Feannadóireacht, liobairt chainte. Ní fhaca tú ná ní chualadh tu in do shaoil riamh an ~ a bhí aig a' mbeirt 27.1470.

spone *f.* Brí chun lasta. Sin móin nach bhfuil ~ ar bith inti 20.

spor *f.* Ionga ar chos mada caorach. Tá tú a' gortú an mhada nuair tá tú a' brú an spoir 24.

sporann. 1. Caitheann. Tá sé bundáite sportha a'm 20. Sporfaidh sé é 20. 2. Maireann (achar áirithe). Sporfaidh an méid ola atá ann an oíche anocht 20. Sporfaidh sé [mála plúir] an mhí 20. Sporfaidh mé an oíche anocht leis 20. 3. Spor sé mé 20, bhánaigh sé mé (ag cárta). Tá mé sportha 20, tá mo chuid (airgid, plúir, tobac, etc.) ar fad caite.

spórt, -úil : **spóirt**, -iúil.

sprabhsae *f.* Fuíoll. Bu mian déirce leó a ghoil a déanamh garrantaí áit an airridhíodh siad sprousae air bith creáftige le glac fhataí a chuir ann 24 stócaíl. Níor fhág sé an ~ fhéin ina dhiaidh 24A, . . . fuíoll an bhéile féin . . .

spracadh *f.* Spreacadh, neart. Is íontach a' spraca atá ann g'fhear beag . . . 24. Is minic a deirtear nach bhfuil baol in oiread ~ sa bpórtar anois agus a bhíodh len 24. Meastu bhfuil a dhíol ~ sa droichead fan t-ualach mór seo a thabhairt treasna air 24. . . . le breácha, le méid, le déanamh is le ~ 27.500.

spré *f.* 1. Amharc na súl. Deabhal ~ aige 20. Fágfaidh mé gan ~ gan amharc thú! 20. 2. Ní

raibh aon ~ agam 20, ní raibh mé in ann dada a fheiceáil ag an dorchadas.

spré² b. Maoin na mná atá le pósadh. *Bhí a ~ in a dhá súil 32, ní raibh de spré aici ach an áilleacht.*

spreabadh a. br. Oibriú go fuinniúil is go deifreach. *Ag ~ leis 19.*

spreabhsach aid. Beoga pointeáilte. *Is deas ~ an bheanín í 20. Ruidín beag bídeach ~ 20.*

spreabhsachán f. Duine beoga pointeáilte 20.

spreacadh : spracadh.

spréachann. 1. Ritheann go tapa. *Capall a spréachfadh in aghaidh an aird an uair a d'fheicfeadh sí é 20. Spréach sí [capall] 20, rith sí chun scaoil. 2.* Labhraíonn go fuinniúil. *Cead acub a bheith ag spréachadh leob 19. Spréach leat! 20. 3. (a) Bhí sé ag spréachadh 19, ag gleacadh báistí. Ag spréachadh báistí 19. (b) Bhí an fharraige ag spréachadh 19, bhí sí an-gharbh. 4. Bhí sé ag spréachadh leis 19, bhí sé ag obair leis go tréan. Spréachadh oibre 19. Tá an t-an-spréachadh cloch díonta ag Peaitín 19, tá an-obair déanta ag P. le clocha. 5. Tá sí spréachta ina dhiaidh 20, tá sí splanctha ina dhiaidh, tá sí i ngrá leis.*

spreachann. Spreagann. *Spreach sí cho mór é is go dtug sé léun dui l'oe na fear bhí go dona air a leaba 24.*

spreagann : spreachann, sprognann.

spreaibíteacht a. br. Baint spreaibíní beaga go mall. *Ag ~ leis 20.*

spreais. Duine nó ainmhí beag lag. ~ go luch áil tá annsin . . . agus sí atá a' d'fona an tochairt sin air fad 24 tochairt.

spreallachán f. Leisceoir 32.

sprealladh a. br. Obair chrua. *Díonfaidh siad ~ inniu 20. Ag ~ ag cur 20. ~ oibre 20. Tá ~ díonta a'd 20.*

spreallaire f. Leisceoir. *Gheou tú bean a bhfuil an-gh[r]íobh inntí, go minic i bhfad níos fearr ná spreallaire fir 24 gríobh.*

spreallaireacht a. br. Ag imeacht ag ~ 20, ag imeacht thart go díomhaoin.

spreallán /sbr'ula:n/ f. Spreasán. *Buatais ar gach ~ 19.*

spreánlach. ~atí cloch 19, droch-chlocha (le cur i mballa).

spreasánach /sbr'isa:nax/ f. 1. Duine lag leisciúil 20. 2. Duine caol fada 20.

spréite aid. bhr. Fataí ~ 19, 20, prátaí na bliana roimhe a fhaightear sa ngarraí le linn spré an choirce.

spreille. 1. Duine ramhar smeartha pislíneach 20. 2. Rud fada bog (piosa feola, próiste snátha, etc.) 20. **sprid b. 1. ~ neanta 20,** speig neanta. 2. ~ neanta 20, duine cantalach.

sprideog b. Spideog 31.

spríocht : sprocht 20.

spríog b. Spríoc. 1. Tá sé caite go dtí an ~ 20, tá sé [ball éadaigh] caite ar fad beagnach. 2. Pointe ama. *Ní éiríodh muid go dtí an ~ dheiridh 20, . . . an nóiméad deiridh. Tá sé sa ~ dheireanach anois 20 . . . an an dé deiridh, ag fáil bháis. Thosa an sagart*

a' tAiffrion leis a' sprioga 24. Bhí siad ann air fad leis a' spriuga mar ceapú dhaof . . . 24 luch. Nuair a hainic sé air a' spriuga acu sí an léim a hug siad 27.444. Bhí chuile dhuine faire air a' spriuga a ligfí amach iad 27.377. 3. Tháinig sé aníos go dtí an ~ agam 20, bhí sé ar bharr mo theanga agam (ach ní dúirt mé é).

spríogáil a. br. Ag ~ na talúna 19, ag glanadh na talúna, ag baint cuid de na scrathacha sula ndéanfaí é a shocrú.

spríollach. Rinne sé ~atí dhe 19, rinne sé piosaí beaga de. *Tá sé ina ~ 19, tá sé briste.*

sprionla f. Cos chaol fhada. *Dhá bhfeiceá an ~ go chois a bhí air, ní ra souil a bích aici ach bíonglán a' thú 24. ' . . bu air' a deir sé 'bhí na sprionlaí cos bu caoile bhí air aon fhear ariabh' 24.*

spriontaire f. Duine caolchosach fadchosach. *Sprionlairí na n-íoscafaí fada, cén mhath bheadh leo? 24. Tóir a' thú ins na loirínne go na sprionlairí . . . 24. Bhí sé cho caol-chosach is gur baisdiú ~ air 24 sv.*

spríosach aid. Sprusach. *Dhá dtairneó an chlí air a' ngarraí leis a' mboigeacht, d'fhágach sé an- ~ é 24 clí.*

spríulán f. Seanrud gan mhaith, ainmhí lag, duine bog gan ghús 19. ~ de sheanstoca 19. ~ de sheanlao 19. *Tá sé ina ~ 19 - le breac lofa.*

sprochaille b. 1. Sprochailí anuas as do sheaicéad 19, snáitheanna is giobail bheaga éadaigh . . . ~ snátha 20, roilléire. 2. Cochaille réama 20. *Chaith sé ~ amach 20. ~ de phisín a bhí leis 20. 3. Duine smaioseach 20. 4. Duine mór beathaithe 20. 5. Sprochailí [súiche] anuas as an tsleáil 20.*

sprochailleacht a. br. 1. Pislíneacht 20. 2. Ag ~ chaoineacháin 20, ag plobarsach chaointe.

sprochailleáil a. br. Caitheamh amach cochailí 20. Ffr. spocheilleáil.

sprocht b. 1. Cuma bróin nó chaointe ar an mbéal. Chuir sé ~ bheag air fhéin 20. Bhí ~ chaoineacháin air. 2. Cuma ghéire. Bhí ~ ghéairí air 20. Bhí sórt sprochtín air 20.

sprogann. Spreagann 20. *É a sprogdh le amhrán a rá 20.*

spruigeáil b. Gréas-obair ar adhmaid 20.

sprus b. 1. Brat éadrom créafóige. Dá mbeadh ~ ar bith caite orthab dhíonfadh sé iad 20. 2. Airgead beag. Níl aon ~ againn 20. Tá an ~ caite 20. Tá ~ aige 20 - airgead le cloistéil ina phóca. 3. Deabhal mórán ~ ann 20, níl aon ghiúmar air.

spuaic b. Gob géar ar chloch. Tá ~ amach uirthi 20. ~ de chloch 20, cloch ghéar.

spúnóg b. 1. Ní dheacha an spúnóg féin ar a bhéal 20, níor ith sé [othar] dada. *Duán agus doru agus spúnóg mar bhaoite a bhíos acu le breith air a liús 24 iascaireacht. 2. ~ bhardail 19, srón chrochta.*

sracadh f. Priocadh (ó iasc). . . cho foideach is atá sé [iascaire] lá mór fada go dubh na hoi go minic agus b'fhéidir gan sraca a fháil san achar 24 iascaire. Chaith muid a' lá ag iascaireacht agus ní bhfuair muid an oiread agus sraca 24 iascaireacht. srácáil a. br. Strácáil. An tighráil, an tárrtháil agus

a' ~ in aghaidh an anró . . . 27.105.

sráid *b.* *Sí an coen is mó is cosúil le gé sráide 24 cadhan, . . . le gé clóis.*

sraimleachán *f.* 1. Sraoill 20. 2. Fear beag feosaf sraoilleach. 'A shraimleacháin ghrána na buiní' a deir sé g'éirí 'na sheasamh go bhfách sé greim scornaí air 'má chloisim focal eile uait ní bhéarfha tú do bheó amach' 24. 3. Brat gágach tanaí. (a) (Le haoileach). *Nach mbeadh sé chomh dona sa ngarrai a dtoech brat maith aoilí air leis na garranta nach dtoech orthu ach ~ dó 27.1455. (b) (Le fás féir). . . ní bhíodh eirí aon bhliain ach ~ g'fhéar cointín nach gcuireadh grián na Féil san Sedán smais air. . . ní hé an ~ féir a bhíodh eirí aimsir J. S. a bhí anois eirí ach togha an aorthain . . . 27.635. 4. Drochthalamh. . . go shraimleachán tahín boineach bracach suarach 27.921.*

sraimlí *aid.* Fliuch salach. (Leis an aimsir) *Is ~ an lá é 20. Tá sé ~ brocach 32.*

sraith *b.* 1. Ligeann ar ~, ligeann chun díth céille, chun seafóide. *Tá tú ag ligean do chuid cainte ar ~ 20. 2. Níor mhiste leis dá mbeadh na seacht ~ ar lár aige 20, . . . dá mbeadh an-chuid oibre gan déanamh aige. 3. ~ na leapan 20, na cláir faoin súsa (in áit a mbíonn spriongaí anois). 4. Cloch fhada cheangail ó thaobh taobh i mballa 20. 5. Go leor. *Bhí ~ chaoráin ann 20. Tá ~ acub ann 20.**

sráí(th)nin *f.* Tráithnín. *Bhfaca tú sráimíní a' bích aríomh cho láidir is tá air a' múineár sin? 24. Ní bhéaraínn ~ air gas [gach is] ar dhúirt tú leis 24.*

srálach. Boigitiún sheargtha le bruach locha. *Bheadh ~ ar do lámh 24A. . . droch lá fáin geimhridh air thuile mhór thagadh ~ go leór isteach ann 27.1245.*

sran *f.* 1. (a) Fuinneamh, misneach, brí. . . hug a chuid cainte croi agus misneach daof, chuir sé ~ agus éifeacht arís iontu . . . 24. *Ná bac le lead óg a' bith nach bhfuil ~ agus dul ar aghaidh ann 24. . . héinic ardú mór i bproes muc agus beithíoch. Chuir a' t-éirí sin ~ mór in chuill fheilmeár 27.114. Nuair a cháil na máistirí an fhuip hainig ~ ins na daoine . . . 24 clíth. Fear tí ar bith a raibh sran ar bith ann bheadh suas le ceithre mhuc aige 27.297. Ach níl sé go shrann iontú pósa 24 pósann. (b) Anáil na beatha. *D'fhan sé sin a' gabhail leis fads a bhí ~ ann 27.474. Níor fhan fear ar a mbaile a rabh ~ ar bith ann . . . 27.25. Nuair a d'aire sé an breithe a' tóirt a' toil, níor fhan ~ ann 24. Bu géarr le fear é mbeach a' ~ cáilte aige, ní touir sé focal 24. (c) (Leis an aimsir). Beocht. *Ó bhíodh coicís den Fhéil Bríde caite dá mbeadh ~ air bith san uair bheadh a' t-Earrach a' déanamh inní go chuile fhéar 27.1449.***

sranadh *a. br.* *Tá sé ina shrannadh codlata 19, ina chodladh sámh. Thit sé ina shrannadh codlata 20.*

sranntail *b.* Sranfach 31. *D'aireá an tsranntaoil a bhí réir ort shuas ag Scóidín na Páirce 24.*

sraofairt *a. br.* Sraothartach 20.

sraoilleachán *f.* Sraoill 20.

sraoilleáil *a. br.* Obair shraoilleach, méiseáil. *Ag ~ le chuile shórt 20. Ag ~ liom 20, ag obair liom go*

sraoilleach. *Ní mórán sraoilleála a bhí uirthi 20. sraoilleáilte aid.* Sraoilleach 20.

sraoilleáil *f.* Sraoill 20.

sraoillí *aid.* Sraoilleach 20.

sraonadóireacht *a. br.* *Ag ~ leis 20, ag sraonadh leis.*

sraonann. Sraonfaidh sé thraíd ach aire a fháil 20, tiocfaidh sé as an tinneas . . .

sraothann. Traoitheann. *Bíonn an úth sraoiti 24A. Mianach maith móna, bhí ort í a bhaint ann-mhór go bharr air a' ~ a bheadh déanta aici nuair a bheadh sí tirm 27.1493. Shrao na stocaí leis a' níomh 24.*

sraithair' *b.* 1. *Tá tú istigh in am, ó b'annamh leis an gcút ~ a bheith air 20, . . . is rud iontach annamh é. Tá siad agat anois, ó b'annamh leis an gcút ~ a bheith air 20. 2. Nár fhága tú sop i do shraithair 20 - focal a déarfai le duine a bheadh ag gleo is ag achran.*

sraithair' *b.* Tarathar 20. ~ tolladh 20. *Gob na sraithra 20.*

sraithróg *b.* Burla tuí faoin gcoirb. Ní bheadh sé fite 19.

sréabh *f.* Mi-ádh, smál. . . feabar cén ~ nó clampar atá a' téacht ar na daoine 24 gruaig. *Hainic an oiread go shréabh orm is gur cha mé cloch eile leis [le cat] 27.451. Ní fhaca mé grabaire ná lead óg a raibh sé go shraebh ná go chathú air siúl shuas air chaipín a' droichid sin 27.817. Nach air a' gcathaithdóir a chuir in a gceann a ghoil ann, a bhí an deoul agus a' ~ craite 24 cathaithdóir. Bhí an oiread go shraebh air agus gur dhíol sé an goltaisín air ardaí orm le comharsa . . . 27.343. Cén clampar nó ~ atá ort, a Mháire, nach dtéann tú isteach ón mbáisteach? 27.336.*

sreang *f.* 1. Sreangachaí 20, snaithíní cruá i dtur-napaí. 2. Téada duáin alla. *D'fheicfeá sreangannaí treasna romhat san aer 20. Ní mholann siad na sreangannaí . . . ar 'ús a mbeadh téad duáin alla 20.*

srea(n)gán /sru:ga:n/ /sru:nga:n/ *f.* 1. Sruingán 19, téad triomaithe éadaigh sa teach. Sruingán na croiche 19, drú as cionn na tine le éadach a thriomú air. 2. Sruingán féir 19, ualach féir (a mbeadh sreangán air) a d'iomprófa ar do dhroim. 3. Sruingán streille. *Tá sé sin ina shruingán streille ort 20, tá sé (gúna) ró-fhada agus sraoilleach ort.*

sreothaíocht *a. br.* Fánaíocht, sirtheoireacht. *Ag imeacht ag ~ 32.*

srian /sri:n/ *b.* Cosán srianach 19, cosán go bhféadfá capall a thabhairt ann.

sroicheadh. ~ do, tarlann do. *Shre dhom bhe ag an stór roimh a dhúin siad . . . 24. Agus nach shre dhom í [leitir] a chatha sa bpost a air a bhfad sin 24. Dá sretheach dom go gcuirinn lámh in mo phóca . . . bheadh meour agum ra sé air iompur liom 24. Bhí sé beagnach glanta suas har a' gcasadh nuair a shreith dhom é a fheiceáil 24 glanann. Shre gon sagart a thíocht air a' mbaile na laentaí céana le cáil ola 24 aifreann. . . dá sroigheach duit seasa eirí . . . 24 bogann.*

sróinín *b.* 1. ~ a chur ar an gcapall 19, ceangal docht ar an bpus uachtair lena ceansú. *Sí an t~ a' cailín atá in an iad a smachtú* 24. 2. *Déarfainn gur ag cur ~ ar chut a bheitheá* 19, . . . ag cur gad ar ghaineamh.

sról : srúil.

srón b. 1. *Sa t~ do*, ina ábhar faltanais do. *Is fada gon tsaol na dhiaidh sin a bhí sé sa t~ g'fhear a bith a fua a' cuartú na málaí air Loch Measg . . . 24 anraith.* 2. ~ *shalach*, duine mímhúinte. *Bhfaca tú aon sróna salacha in do shaol bu mhó ná iad?* 24 - le daoine mímhúinte. *Rachach sé go smíor le duine '~ salach' a thóirt air . . . 24.* 3. Gob circe. *Cearca mbíonn gor aru agus nach dtoen aon dí faofa, a gcuirtar a' cleite in a sróin g'iarra an gor a bhaint dhaof* 24.

srónaíocht *b.* Eascairdeas. *Is fada an lá an dá theach sin a' catha ~ le chéile* 24. *Tá daoine a choinionns ~ i bhfad suas le chéile* 24. *Núair a thosódh fear nó bean a' ~ liomsa gan aon fhá . . . 24.* *Núair a chonaic sé an t~ a bhí air bun réis ceannacht a' ghiodáin talúna dhó . . . 24 caitheann. Caitheamh [caitheadh] srónaíocht leis a' gCairtín* 27.965.

srú. Arsa. ~ mise 19. ~ mo dhuine 19.

srufán *a. br.* Tnúthán. *'Na bíodh clann a' duine bhoicht' a deir sé 'a' súil ná a ~ le posta fháil . . . 24 clann. 'Nach bhfuair mé gas air iarr mé air a' mbó!' deir sé 'agus ciod eile a ra ~ agum leis' 24 gach's. Ní raibh ~ ná súil le marcaíocht aige* 27.475. *Ná bí a' ~ le uibheachaí ó na cearca nuair atá an garla cleiteach orú* 24 galar.

sruilleachán *f.* Sraoill 20. ~ *de ghearrchaille mná* 20.

srúil. *Ar ~*, ar síúl, ar bun. *Tá an obair ar ~ aríst* 24. *Bhí sé ar ~ nó gur rinne sé amach an teach. Bhí sé ar sról agus a' múdaráil lena mhéir . . . 24 iocáíocht.*

srulachán *f.* 1. Duine salach gioblach 20. 2. Duine beag éadrom 20.

srulóg *b.* Liobar, global. *Tóig na ~aí sin* 20 (le píosaí feamainne).

sruth *f.* Feacht. 1. ~ *na stiúrach* 20, an súrac i ndiaidh báid. 2. (g. *sruith* /sruv'/) *Go lá aghaidh an tsruibh ar a' sliabh* 24A, go brách. 3. *Le fána an tsruibh, i léig, imithe le sruth. Bu mhór le rá iad tamal, ainim mór acu ach ceoil siad inniu?, caite le fán an tsribh. Cén mhaith a bhe dhá gceannacht agus á gcaitha le fán an tsruibh roimh lá a ndíolta [le muca nach raibh praghas orthu]* 24 cathann. . . . *ach cead imeacht le fána an tsruibh a thabhairt go leithide go mhedil údair is eolais . . . 27.473.* 4. *Ag baint ~ den bhó 20*, ag baint braon bainne . . .

sruthair b. 1. *Tá sí [móin] ina ~ chaoráin* 20, tá sí sceanta ina píosaí beaga. 2. (Logainm) *Ó Shruthair go Sliabh*, in áit ar bith. *Ní raibh ó Shruthair go Shliabh an té a bhí in loer a' chasúir chomh mór liom an uair sin* 27.1501. . . . *ní rabh aon choir ó Shruthair go Sliabh bhí baol cho dona leich* 24 colg. *Diabhal beirt a bhí ó Shruthfair go Sliabh bhí chomh ríméadach linn . . . 27.683.*

sruthán : struthán.

stad f. 1. ~ *mara ná cónaí*, sos ar bith. *Níor díonú*

~ mara ná cónaí air fhad a' lae ach a' catha níos móna 24 caitheann. *Níor díonú ~ mara ná cónaí ar fhad a' lae ach am béilí . . . 24 scaróir.* 2. ~ *ná staidéar*, stopadh ná moilliú. *Ní dheána sé ~ ná staidéar ach fiaraí dhuich go léim 'Bhfuil fios m'airm agut?' 27.1412.*

stadachán *f.* Duine stadach sa chaint 20.

stadail *a. br.* Stadaireacht 20.

stagh : stoith.

staic b. 1. *Rinne sí ~ 20*, stop sí [capall] is dhiúltaigh imeacht. *Tá mé i mo ~ anois agat* 20, tá mé i bponc anois agat. *Tá beirt [clainne] aici. Rinne sí ~ 20, . . . stop sí ag síolrú, dhiúltaigh sí tuilleadh a bheith aici. Nach ndearna an carr ~ ar an mbóthar orainn* 19. 2. *Bhí mo dhroim faoi dheireadh ina ~ 20*, bhí . . . stramptha, ní lúbfadh mo dhroim. *Is tú héin a chuir a' ~ sa mbrumach, a' cuir iomarca ualaí air goil sa gcroc* 24. *Chuir sé ~ sa gcapall le iomarca ualaí* 24 capall. . . . *ar chapall a mbíodh ~ ann* 27.500. 3. *Bhí mé i mo ~ i mbéal bearna* 20, bhí mé sáraithe, bhí mé i mo bhambairne. *Rinne sé ~ i mbéal bearna dhíom* 19, chuir sé ceist orm nach raibh mé in ann a fhreagairt. 4. *Rud mór ar bith. (a) ~ de chlaidhe maith* 24. *Staicannaí fragannaí* 19. (b) . . . *agus go sábhála ~ go bhréug tamal thú . . . 24 ritheann, . . . bréag mhór . . . (c) Dealg mhór. 'Tá an bhó an-bhacach', a deir sé, 'cathfa sé go bhfuil táirne nó ~ in a' cruib' 24 bacach.*

stáid *b.* Céibh bheag clocha a théann faoi leis an taoide 32, 19.

staidéar *f.* 1. Tamall machnaimh. *Rinne sé ~ ansin* 20. *Chuaidh sé os cionn staidéir* 20. *Is fada a chaith sé os cionn staidéir* 20. 2. *Bíonn sé ina ~ orthab* 33, bíonn orthu machnamh sula labhraíonn siad. 3. *Ar a ~*, go réidh cothrom le chéile. *Núair a bhíodh siad a' bualadh air a ~ agus a' teacht cothrom ceart le chéile* 27.158.

staidhce *f.* 1. *Rud ard caol. ~ mór ard* 20. *Thuas ar an ~ sin* 20 (cnocán ard géar). 2. Duine ina sheasamh suas díreach. *Bhí sé ina ~ ar an gcnocán* 20. *Rith isteach as sin is ná bí i do ~ ansin* 20. 3. Duine an-ard mítuama. *Nach é an ~ é* 20. *Is deabhaltai an ~ í* 20.

staidhcín *f.* Písín géar adhmaid le snaidhmeanna a scaoileadh nó rópa a spladhsáil 20.

staighre *f.* *Tá tú ag fágáil staighrí ann* 20, tá tú á [fear] ghearradh go míchothrom.

staighreoiracht *a. br.* Dreapadh dréimire. *Bhfuil aon rath ort ag ~?* 20.

stail *b.* Bréag mhór. *Chum sé ~ dhó* 20. ~ *bhréige* 20.

stainníneach *f.* Duine beag teann postúil 20.

stálaíonn. 1. Éiríonn tirm. *Tá an mhúin a' stáilú go breá anois* 24. *Hug a' mhúin an-stáilú leiche ó bhí muid air a' bportach hana* 24. *Féar breá stáilaithe* 20. 2. *Stáilaithe, aosta. Bhí sé [fear] stála go math* 24 cuireann.

stalcach *aid.* (Talamh) garbh, do-romhraithe 20. *D'fhors sé le péire capall é mar bhí an garraí an-~ 24.*

stalcán /sdulka:n/ *f.* 1. ~ *de bheithíoch* 20,

beithíoch nach mbeadh aon fhás faoi. 2. Duine beag téagartha láidir 19. *Nach é an ~ láidir é* 20. 3. Ceann ramhar. ~ *de chloigeann mór* 19. 4. Bun crainn. ~ *mór giúsaí* 19.

stalcánta /sdulka:ntə/ *aid.* Beag téagartha láidir. *Duine ~* 20.

stalla : **stealla**.

stánann¹. Staonann. *Tá sé* [an gála] *ag stánadh* 19, tá sé ag maolú. *Stán sé* 20, stop sé den chaint (ar feadh tamaill). *Stán sé ar feadh tamaill* 20, stop sé is rinne sé staidéar . . .

stánann². Gealann, scairteann. *B'fhéidir go stánfadh sé amach ar ball* 20, . . . go scairfeadh an ghrian amach. *Stán sé suas go breá* 20, gheall sé [an lá] . . . *Tá sé stánta go breá* 32.

stanna *f.* Bairrille. *Tá do thóin sa ~* 20, tá tú réidh, tá tú sáinnithe.

starróg *b.* Rud mór. (a) *Bhí sé ag baint starrógaí* 20, . . . fòide móra móna. (b) *Tá an-starrógaí Béarla aige* 20. (c) *Tá ~ aige* 19 (cárta maith san imirt). *D'aithin mé ort go raibh starrógaí eicint a'd* 20.

stártha. *Ar mo ~*, ar mo dhícheall mire. *Bhí sé ag obair ar a ~* 19. *Bhí mé ar mo ~ ag tíocht* 19. *Bhí sé ag cur dhó ar a ~* 20.

státa *f.* 1. Stát, tír. *Catha tú imeacht le dlí an ~*, más *olc math leat é* 24. 2. Easatí. (a) *Chathach sé ~ Uí Ruairc* 24 caitheann. *Chaitheach siad ~ Uí Ruairc gan breanu 'mach cén chaoi a' mbeach a' bun acu nuair a bheach sé caite*, . . . 24 *clé.* (b) *D'óladh sé ~ Uí Ruairc* 24 ól, d'ólfaid sé an t-uafás. (c) *Tá sé cho suimreach is go sásta . . . is dá mbu leis Státaí Ruairc* 24 suimreach.

steafóg *b.* 1. Maide beag (a bheadh ag duine i ndiaidh beithíoch, ní maide siúil é) 19. 2. Cóta gior-tach. ~ *de chóitín uirthi* 19.

stéagacha. *Le ~ dlí*, le háitiú mór, le hiarrachtaí móra. *'Le ~ dlí a tharraing mé lom abhaile é a deir sí* 24 (bean ag iarraidh a fíor a mhealladh abhaile ón teach ósta). *Le ~ dlí a choinne muid rompo agus a bhain muid a' rása dhíobh* 24 (rása bád). . . . *le stéagachaí dlí ar ball réis easonóir agus sáratocht bhain muid a gearra mach* 24 *béalóig*, le an-anró. *Is le ~ dlí a bhain sén doras duiche* 27.251.

steaird. Steall (fuail). *Níor airruidh sí go brách go buailiu steaird eirí* 27.1323.

steall, -ann : **streall**, -ann.

stealla *f.* Stalla búistéara 20. *'Catha sé go bhfuil sé dhá bhrise' déaras duine le búistéaraí nach mbíonn mórán feóla crochtaí sa steala aige* 24.

stealladh *a. br.* 1. (a) *Ag ~ faoi*, ag insint bréag do, ag magadh faoi. *Bhéarainn loma lán a' leuir gur bí an fhirinne a bhí aige agus deoul ceó bhí sé ach a' steala fúm* 24. . . . *ag stealadh faof'* 27.504. *Chreid sé chuill' fhocal . . . agus gon mé ach a' stealla faoi*, . . . 24 *creideann.* (b) *Ag ~ magadh faoi*. . . . *a' déanamh an fhirinne go scéul amadán fir eicint a bhí a' stealadh magadh fút* 27.1885. 2. (b) *Ar ~ dárach*. *Dá dtagadh sí faoi ath-dháir cupla mí nó trí ina dhiaidh 'ar (nó 'ag') ~ dárach' a deirtí* 27.1461. (b) *Sna ~ dártha*, go han-tréan.

Ag rith sna ~ dártha 19. *Ffr. strealladh.*

steár /ʃdɑ:r/. 1. *Níl ~ na ngráist aige* 19, tá sé anaerach, níl ciall ar bith aige. *Ní raibh ~ na muice aige* 20, bhí sé as a mheabhair le meisce. 2. *Dhúin ~ aige ina diaidh* 20, tá sé sa chiall is aigeantaí aici. *Tá sé sna steárs aici* 20, *id. Bhí sé sna steárs aige* [ag poitín] 20.

stéibheog /ʃde:'v'o:g/ *b.* Ceathrú bheag d'amhrán 20.

stéig *b.* *Stéigeachaí* 20, pislíní, smaóis. *Bhí ~ ar dhrioball na bó* 20, bhí glae . . .

steigíní /ʃde:g'i:n'i:/ *iol.* Písíní beaga 20.

stíall *b.* 1. *Tá ~ soir agus ~ siar dhó* 20, tá giobail stóicthe ar síleadh ar gach taobh de. 2. ~ *fhataí* 20, stráic thalúna faoi phátraí.

stíallach *aid.* *Thugadar roinnt na ceathrún stíallaí air* 20, roinneadar ina phíosáí beaga é. [Roinntí an cheathrú acra féin fadó].

stíalláil *a. br.* Stráicil. *Ag ~ oibre* 20, ag obair go crua.

stíallta(ch) *aid.* *An ghráin ~*, an dearg-ghráin. . . . *ach a chaoi a rabh an bonn ag obair chuireadh sén ghráin stíallta agat ar a' láimh cham* 24 *lámh.* *Bhí an ghráin stíallta aige air na máistrí*. . . 27.699. *'Tá an ghráin ~ agum air a' roinnteoireacht chéana chuill oi' deir a' t-athair* 24 *roinnteoireacht.* *Chuireadh lá den tsórt sin an ghráin stíallach air bhád agus ar fhéar talamh móna ort* 27.1511. *Bhí an ghráin stíallach air a' mbáile tamal gon tsaol* . . . 24 *báille.*

stíalltrachán *f.* Gioblachán 20.

stíaróid *b.* Stíoróip 20.

stíaróip *b.* ~ *an tsagairt* 20, cleas rópa. [An rópa a thomhais ó ghluín go troigh, agus an cloigeann is an corp a chur amach tríd?]

stíbhneálann. Brúnn. *Bhí stíbhneáil mhór acub ag iarraidh í a chur sa garr* 20. *Ná stíbhneáil thú fhéin* 20. *Fuair sé stíbhneáil mhór ina shaol* 20, . . . *anró mór.*

stícéara /ʃdix'e:rə/ *f.* Duine gortach 20.

stícéarach /ʃdix'e:rəxt/ *a. br.* Gortaí, roinnt ghortach. *Ag ~ leis an bpoitín* 20. *Bheadh sé ag ~ mar gheall ar dhá phinn* 20.

stíil /ʃdil'/ *b.* Teach stíléireachta. *Shiar air an Oilean Altanach a bhí an ~ . . . ó gheata na stíleach suas chomh fada le teach a phosta* 27.134.

stíil' /ʃdil'/ *Stoil* sagairt 20.

stíleabhs /ʃdil'aus/ *f.* Teach stíle. *Lucht an stíleabhais* 20. *Na stíleabhachaí* 20.

stím /ʃdi:m'/ *b.* 1. Gail, deatach. ~ *dheataí* 20. ~ *tobac* 20. *Bhí ~ óil uaidh* 20, gail is boladh óil uaidh. 2. Simléar. *Bhí ~ mhór suas as* 20. 3. Galtán. *Tá an ~ bheag ag goil soir* 20, tá an galtán beag [bád Arann] . . . *Níl samhail ar bith aige ach an ~ bheag* 20 - le fear a bheadh ag plúchadh deataí tobac. *Ní chuirfeadh an ~ aon cheo inti* 20 - le bean sheasc.

stíoróip: **stíaróid**, **stíaróip**.

stíúidil /ʃqu:dl'/ *'Cockshy'*. *Ag caitheamh le ~* 20. *Socraig ~* 20.

stíúir *b.* 1. Smacht. *Bhí ~ lena chlann aige* 20, bhí

smacht aige ar a chlann. *Ní raibh sé ag cur mórán ~ leób* 20. 2. Cuma, riocht. *Sén ~ agus a feiste céana a bhí air a teach agus i bhfad a lá na dhíadh* 27.47. *Dhá bhfeiceása an ~ a chuir do chuid beithí air mo gharraí móinfhéir inné* 24. *Nach deas a' ~ í orraibh air maidin, an saol ag éisteacht libh a' troid is a braoin* 24. . . . *ní cheapá gur iníon duine bhoicht í leis a' ~ bhí eirí* 24, . . . bhí sé chomh dea-ghléasta sin.

stiúireoir *f.* Bean choilgneach dhrochmhúinte 20.

stiúnáilann /ʃt̪uːna:l̪ən/. Básaíonn. *Stiúnáil sí* 19.

stiúncán *f.* Stiocaire 19.

stiúrthóireacht *a. br.* Stiúradh báid. *B'fhearr Colm ag ~ ná m'athair* 19.

stoc *f.* ~ *an phlána* 20, adhmaid an phlána.

stoca *f.* 1. *Stocáí margaidh*, stocáí mhiotáilte sa mbaile a bhíodh le ceannach ar mhargadh na stocáí. *Stocáí marga a bhí dá thabhairt air na stocáí sin* 27.719. 2. Taisce airgid. *An dream a ra aon ~ beag acu san am, nuair a thagach a' tseilg is ar thóin poul a charnaoile a curtaí bhfalach é* 24.

stocadóireacht *a. br.* Ciceáil bréidín lena ramhrú 19.

stocaireacht *a. br.* Iarratas. . . . *dá gcleachtá capall nó asal, bó nó goun air phíosa 'ráin, is gearr go mbeach siad a' ~ leat* 24.

stócáilann. 1. Réitíonn (chun rud eicint a dhéanamh).

Tá sé in am againn a bheith ag stócáil abhaile 20.

Stócáilfaidh tú a chodladh 20. 2. Glanann clocha is seachacha de (gharraí), réitíonn le cur. *Stócáil mé go leór go mo chuid talún ach b'fhiú é mar bhí an fód faoi* 24. *B'iad lucht na stócála iad, níl péarsa dhá gcuid talmhan nach bhfuil siad in an beatha a chuir anois ann* 24. *Talamh stócáilte atá in talamh Mhionlaí* 24. . . . *talamh é ar déanamh stócáil go leor air le bhfuil go gharranta ann agus ballaí cloch leo ar fad* 27.964. 3. (Leis an aimsir). *Tá sí ag stócáil* 20, tá sí ag brath ar a bheith ina thriomach.

Ag stócáil sneachta 20. *Tá sé ag stócáil aige anois* 24A, tá sé ag brath ar bháisteach a dhéanamh anois. 4. *Ag stócáil ar*, ag faire le seans a fháil ar. *Tá na faoileáin mhóra a goil hart . . . má tá na lacháin bheaga air an abhainn sé is dóide gur a' stócáil oru atá siad* 24. *Tá go leor a' stócáil air* [ar an bhfear a bhí ar tí báis] *ná bhíonn aon mhaith dhíobh ann* 24. 5. *Ag stócáil le*, ag súil le. *A' stócáil len a chuid atá sé, meireach sin is fada woe a d'fhanadh sé* 24. 6. Cuireann (airgead) le chéile. *'Dheoun ceó le díona' a deireach fear fadó nuair a dfheiceach séné spáonta 'ach tosaí a' stócáil aríst'* 24. *Á dtosóin a' stócáil anois béidir go mbeach an oiread bailí fós agum agus a chuireach mé* 24.

stoiric. *Stoiriceachaí* 20, clocha ag gobadh amach as balla, mar chéimeanna.

stoith. Stagh (báid) 19.

stól *f.* Tá [a] thóin eidir á ~ ceart anois 24, tá sé idir dhá chomhairle.

stollach *f.* Gaoth láidir (gan báisteach léi). ~ gaoithe 32.

stolladh *f.* ~ *tríomaigh* 20, gaoth láidir a thugann

triomach léi. *Tá an tala bádáilte ag a' stola triomaí* 24 *bádáilann. Is iontach an ~ tríomaigh atá anois ann* 29.

stopainn(t) *b.* Stopadh. *Níl aon stopainn air ach ag cuir dhó is ag caint* 20. *Tá sé ag ól chuile ré solais anois, níl stopaint a' bith air* 24 *ólann. Tá sé an am stopaint a chur leis an oerí árd tá chuile eara dhóna* 24.

stopógach /sɔpuːgəx/ *aid.* Faoi luifearnach. *B'fheárr dhuit do dhá cheann i dtala, ná ag iarra bhe a cuir cóir air gharantaí ~ 24 stopóg.*

stopóig /sɔpuːg'/ *b.* Garraí atá faoi luifearnach cheal saothraithe. *Mar dtreofa tú gan mhoeill é, díona sé ~ orí* 24. *Níl an oiread stopógaí le feiceáil anois agus a bhíoch* 24. *Má tá an gort 'na ~ fhéin saothró sé é leis a' gcóir atá aige* 24 *saothraíonn. Coinleach nó ithir a fhágtar gan coraí bliain nó dhó agus a bhfásann chuile chineál salachar ann, sin é a dtugann muid 'a' stupóig' air* 24 *saothraíonn.*

stór *f.* 1. Beithíoch stóir. *Tá na stóir an-daor le ceannach anois . . . b'fheárr beithí níos truíme fháil* 24. 2. Cothú. *Cuireann góil mhath féir níos mó an-~ ins na beithí l'oe an Gheimre* 24.

stór *f.* Tá sé sin [teach] ~ faoi thalamh 20, tá 'íoslach' sa teach sin.

stóráilte *aid.* Capall ~ 20, capall ar tugadh cothú maith dó.

storrán *f.* Fiacail mhór. *Tá ~ d'fhiaicail a'm* 20.

strabhfiacila *iol.* Fiacila scagacha 20.

strabsach /sɔraʊsəx/ 20, /sɔraʊsəx/ 19 *aid.* Scagach (le fiacila). *Fiacila strabsacha* 20. *Is é an t-ainm a thug mé féin uirthi 'an drad ~'* 20.

strabsachán /sɔraʊsəxːn/ *f.* Duine a bhfuil fiacila scagacha aige 20.

straca *f.* Sraith (féir). *Nuair a bheithé a' spealadóireacht agus nead meach a bhualadh sa ~ 24 nead. Níor aire mé go deó iad go ra an sraca (deirtear 'sraca' nó '~) curtha harm agum* 24 *nead meach.*

stráca *f.* Stráice. 1. ~ *flainín* 24. ~ *casta ar do mhéir* 19. 2. *An dá ~ uachtair* [sa mbád] 24.

stráeach *aid.* Sraoilleach 19.

stracadh *f.* Priocadh (ó iasc). *Ag fáil stracaí* 20. *Ffr. sracadh.*

strachaille *f.* 1. Bean chainteach dhrochmhúinte mhioscáiseach 20. ~ *d'óinseach* 20. 2. Capall drochmhúinte 20. 3. Duine mór géagach 19. 4. Streachlán. *Rópa ag imeacht ina ~ ina dhiaidh* 20. **strachailleacht** *a. br.* Streachailt. *Ag ~ liom ag obair* 20. *Ag ~ thrí chlaideachaí* 20.

strachailt *a. br.* Streachailt 20. *Tiúrfaidh mé ~ chluaise dhuit* 19.

straibhíneach *aid.* Duine ~ 19, duine a bhfuil fiacila beaga scagacha gránna aige.

stráic *b.* 1. Sraoil de dhuine. ~ *de dhuine* 19. *Sí an ~ go bhean í is measa a sheas air dhruim tí aríomh* 24. *Ní raibh inti ach ~ 20. Deoul ceó ionntu héin ach stráiceanna . . . réis a' tala tá faoja . . .* 24. 2. Áit shalach shraoilleach. *Sin é an ghráin is mó tá air na tincéaraí . . . go bhfágann siad 'na ~ na ndia é* [an áit] 24. *Tá chuile gharraí á bhfuil aige 'na*

~ mar sin 24, . . . faoi luifearnach. 3. Gíodán (mór) curadóireacht. *Níor facthas a leithide de ~ fhataí is atá curtha aige 20. Chuir sé ~ mhaith ó mhaidín 20.*

stráiciúil *aid.* Sraoilteach, neamh-bharrainneach. *Duine ~ 19, 20. Dream ~ a bhí ionntu . . . má tá an teach 'san áit shuas le díol arís níl mé a' díona fona ar bith dhó 24. . . ní chreiteá ach cho ~ agus atá cuid acu nuair atá an bárr á bhaint . . . réis cho cúramach is a bhí siad a rith an Earraí l'oen bhárr sin a bhe acu 24.*

straidhleog *b.* Poc báire. *Tharraing sé ~ ar leith uirthi 24A. B'íontach a ~ a bhuaíl sé uirthi 24A.*

strairpín (*b?*). Muc bhacach 20.

straingileára *f.* 1. Bithiúnach 20. 2. Duine nach n-íocfadh a chuid fiacha. *Tá neart ~ í ag déileáil leis 20.*

straip *b.* 1. Bean dhrochmhúinte achranach. *Nach í an ~ í 20. ~ bhradach 20. 2. Capall docheansaithe. Nach í an ~ anois í 20.*

stramsach *aid.* Strabhsach, ardfhiaclach 19. *Ffr. strabhsach.*

stramsachán *f.* Duine ardfhiaclach 32. *Ffr. strabhsachán.*

strapa *f.* Fargán. ~ aille 32. *Isteach ar an ~ 20.*

strapa *f.* 1. Ar ~, ar cairde sa siopa. *Bhí an oiread sin ar ~ thuas agam 24A. Fuair mé ar ~ é 24. 2. Cairde. Bhí beagán ~ i dteach ósta orm 24 díolann. Bhí roinnt ~ i dteach ósta orm 27.96.*

strapadóir *f.* Dreapadóir 20.

strapadóireacht *a. br.* 1. *Níl mórán maitheasa leis ag ~ 20, . . . ag dul suas dreimire. 2. Strácáil, déanamh díchill. A' ~ ag iarra an oiread a chuir le chéile is a d'íocach a' cíos 24 ocra.*

streabóid *b.* Cailín dána mímhúinte 20. *Dún do bhéal a streabóidín! 20.*

streachlán : **strochlán.**

streachlaíonn. Stróiceann. *Streachló sé mo chuid éadaí goil go dtí í 24. Bheadh a' t-éadan streachailte lena crúcaí aici as meireach go dtainic mé ann 24. Streachail sé ó chéile é 20. Rachach sé go smior ionnut a feiceáil na ngadh ar a' streachailt a' ghiorra bocht ó chéile 24. Ffr. strachailt.*

streall *b.* Steall 20. *D'ól se ~ dheabhaité 19. Chaill sé ~ mhaith fola 20. Chuala mé riamh é, ~ ar staighre 20 - le duine a bheadh ag dóirteadh. ~ bháistí 20.*

strealladh. Stealladh. *Ag ~ mhagadh faoi bhí sé 20. Ag ~ bréaga 20. Ag ~ báistí 19.*

streallann. *Streall a' mámh! 20, imir an mámh.*

stréigthe *aid. bhr.* 1. Spionta. *Garraí nó gort atá síorraí dá chur agus go na [gan a] leathdhíol leasu a goil air, garraí stréicthe é sin nach bhfuil in ann aon bhárr go thada a thabhairt 24. Bhí góltas beag talún acu a bhí stréic cheal leasú ach rinne Páruic togha na talún dó 27.561. 2. Tréigthe (le headach). Éadach ~ 24A.*

streilleáil *a. br.* 1. Streillireacht. *Lig de do chuid streilleála 20. Ag ~ gháirí 20. 2. Méiseáil. Ag ~ oibre 20.*

streillire *f.* Streilleachán 20.

streoilín : **dreoilín.**

streolán *f.* Streoilte. *Bu mhór a' chuid fontais iad [eascanna óga] in aon bhrúcht amháin ag imeacht agus hart air dhá throith air leithed sa ~ 24 uisce. Agus a dtainic siad [báid] anuas arís in a ~ ndiaidh na gcoirp a bhí sa chéad dhá bhád 24 iascaire. Ní 'na ~ i ndiaidh a chéile air bhealach é, b'fhéidir go mbeadh suas le leathscór a chéad uair agus spás maith eidir chaon cheann acu, tamal beag 'na ndiaidh bheadh ceathair nó cúig . . . 27.1283. D'fheiceá 'na ~ air fhad a' bhalla sin [iad] 24 crúbín.*

striapach : **striopach.**

striocáil. Sracadh, ag iarraidh sí bheatha a bhaint amach. *Ní bheach fhios agut faoi Neamh na néal cén chaoi bhfuil siad a' ~ 24. Ag ~ leis an saol 20. A' ~ a chaith muinntir a' bhaile . . . nó go dtainic maith air a' saol 24. A' ~ is a strácáil a cha siad a saol 27.1440. . . a lígeann oru fhéin nach bhfuil ó'n láimh go dtí an béal acu ach le ~ 24 béal. 'Cibé ~ agus strácáil a chaithfheas tú a dhéanamh, coinne do ghreim air a' bpáirc?' a deir P. 27.631.*

striog *b.* Deoir. *Níor fhága sé ~ ina chluais 20, mharaigh sé é. Níor fhága sé ~ ann 20, id.*

striogaireacht *a. br.* Ag baint deor bainne. *'Níl aon lá go brách nach a' ~ a d'fhág tú fear na bó' a deir Páruic 27.1476. Nach a' ~ leiche atá mé a baint a méid fhéin dhuiche [den bhó] 24 naomh.*

striogán. Ná dhion ~ streille(fach) den scéal 20, ná déan scéal an ghamhna bhuf de. *Ffr. sreangán.*

striollachas *a. br.* *Ag ~ 20, ag fálróid thart go díomhaoin.*

striopach *b.* Bithiúnach fir 20.

stróicadh *f.* 1. Pian mhór. *Tá ~ pian air 20. Tá ~ na gcapall air 20, id. 2. Tá ~ ar mhóin inniu 20, tá an-cheannach . . .*

strochlán *f.* Streachlán. ~ de dhuine 20. *Céardós ~ é sin ag an mada? 20.*

stroicneáil *b.* Bualadh. ~ bhuaite 19. *Bhuail mé ~ mhaith air 19.*

stróicthe *aid. bhr.* Ar méisce. *D'fhéach sé go ra sé an-stróic har éis theacht ó'n aonach dhó 24 stróiceann.*

stróinéis *b.* Leisce. *Tá neart ~ air 20.*

strólaire *f.* Raimléalaí ólacháin 20.

strompach *f.* 1. Seandúine stromptha cnámhrighin. *Sean ~ de chailligh 20. Tá sé fágtha ina shean ~ anois 20. 2. Seanbhó. Sean ~ de sheanbhó 20.*

strompann. Stangann, lúbann. *Má fhágann tú an bád air a' lúf sin strumpa sí . . . 24 lúf. Bhí an t-adhmad stromptha 19. Strompfaidh siad [rataí] 20.*

stropa *f.* 1. Gobán páiste. *Bheifeá á thóigeáil ar ~ 20 - le banbh nach mbeadh sine lena aghaidh. 2. Ar ~, ar adhastar. Cé hí sin a bhí ar ~ agat? 20. Tá sí ar ~ aige 20, tá greim aige uirthi, tá sí lena phósadh.*

stropálann. 1. Strapálann (rásúr) 20. 2. *Tá sí stropáilte aige 20, tá sí 'gafa' aige (iad le pósadh). 3. Stropáil 20, téad a cheanglaíonn an luaidhe don snúda (ag iascach ronnach).*

strúán f. 1. Seandúine gan lúd 20. 2. Duine leisciúil. *Éirigh suas is ná bí i do ~ caite ansin* 20. 3. Duine a d'fhanfadh ró-fhad ar cuairt agat 20. 4. (Go drochmheastúil) le tincéir, ceannaí, etc. *Tháinig ~ de cheannaí anuas treasa na gharraí inniu* 20. 5. Rud gan mhaith. (Mada) *ag íthe sean-struáin* 20.

struic b. 1. Borradh fáis 24A. *Cailíní nach bhfuil aon stric mhór fáis faofa 24 carachán.* 2. Buille. *Thug sé ~ dhó* 20.

strúiméad f. 1. Leisceoir, duine liopasta 20. 2. Seanrud gan mhaith 20.

strúimáil a. br. Strácaíl. *Ag ~ oibre* 19. *Ag iarraidh a bheith ag ~ leat* 19.

struthán f. Sruthán. *Níl struthán ná poul dá rith ariamh . . . 24 dóta.*

stuaicín f. 1. Carrag a mbeadh barr géar uirthi. ~ *de charraig* 20. 2. Gob géar ar charraig, cloch ghéar amach as claí. *Sheas mé ar ~ 20. Bhí ~ amach uirthi* 20. *Chrochfá do chóta ar ~ 20.* 3. Seanbhun crainn 20. 4. Seandúine láidir. *Deabhal a mbeadh muid ag iarraidh na sean-stuaicín sin* 20.

stuaic. ~ an lota, an chuid is faide chun tosaigh den lota 20, 19. ~ *an tsimléir* 20, an chuid is airde de. *Leag sé suas ar ~ na fuinneoige é* 20, - ar iochtar na fuinneoige bige (le hais na tine). *Bhí a sheaicéad crochta ar ~ an doiris* 20, ar chorr uachtair an doiris.

stuaicín b. 1. ~ *na láí* 20, písin adhmaid as cionn an bhróigín. *Chuir sé go ~ í* 20, chuir sé go domhain i dtalamh í. 2. ~ *tosaigh, ~ deiridh,* na píosaí ag gobadh amach as urlár an chairr 20.

stuaíl a. br. *Ag ~ an tí* 20, ag pacáil fraoigh faoin tuí.

stuaicéara f. Súdaire 20.

stulcaíocht b. Stalcacht. *Ní ghabhfadh sé ann le teann ~ 20.*

stumpáilte aid. Beag téagartha. *Duine ~ láidir* 20.

stundá f. 1. Cloch nó cuaille a mharcálann teorainn. *Ag a' teorainn chinn a thoeinns a' chéad ~ síos* 24. 2. Duine ina sheasamh gan corraí. *B'fhearr leis fanacht 'na ~ ansin anois ná an méid sin go gharr a dhéanamh dhom* 24. . . . *ach 'na seasamh 'na ~ sa doras a' corá le chuile dhuine a bhí a goil a' bealach* 24. *'B'fhearr leof na seasamh in a stundá le balla a' slogadh gaoithe . . . 27.195. Ffr. sunda.*

sú¹. 1. ~ *croabh.* (a) Rud breá le n-íthe. *Tá sé 'na shú craobh á íthe* 24, tá sé á íthe go dúilmhear. *Is cuma cén t-am gon bhliain a woe beithí nó caoire deis ar eid[h]eanán a fháil len íthe atá sé ina shú craobh acu* 24. *Bhí an leiceann [muice] ina shú craobh air a shuipéar san oíche aige* 27.348. . . . *na rífneacha a thug leó a' cáca agus é ina shú craobh acu dá íthe* 27.1435. *An tráthnóna a d'éiríodh siad [míoltógaí] go mbíodh siad na ~ craobh aig na fuiseogaí* 27.1249. (b) Rud an-taitneamhach. *Ba síth craobh a bhás go cuid acu nuair a chualadh siad é* 27.1151. *Á fheabhas dá raibh sé [an saol] ag Micil roimhe sin bhí sé na shú craobh an uair seo aige [nuair a fuair sé oidhreacht]* 27.1060. 2. ~ *salún* 20, sú talún. *Súnaí salún* 20. *Na ~ sahúin bheaga fhiáine* 24.

sú². 1. ~ *rósta.* (a) Úsc ó bhlonag muice, úsc ó fheoil rósta. (b) Úsc leáite, 'gravy'. (c) 'Lard'. *Thug sé píosa breá ~ rósta as Gaillimh* 20. *Bhí malairt leas á bhaint as ~ rósta fadó . . . meall mór a leagann síos air a' bpan agus nuair a bheadh sé leáite . . . 24.* (d) . . . *gan anlann le na fataí acu ach dá dtomadh sa ~ rósta . . . 24 sú craobh.* 2. ~ *súilíneach.* *Bá é an ~ súilíneach acub é* 20, ba é an duine ba mhó a rabhdar mór leis é. *Is é an ~ súilíneach liom é* 20, is é bia is mó a thaitníonn liom é. 3. ~ *ná súiteán,* cothú maith. *Na rommacháí sin, níl ~ ná súiteán iontab* 20. *Ní raibh ~ ná súiteán iontab* 20 (le úllaí tirime). 4. ~ *suas a bhaint as duine,* mealladh a bhaint as duine. *Baineadh ~ suas asam* 20. *Bhain mé ~ suas as Páraic* 20. 5. *Tá mo chuid ~ cailte agam* 20, tá mo chuid allais tugtha, mo neart cailte. 6. ~ *galaoireach* 20, sobal.

sú³. Sá, príocadh. *Thug sé ~ maith dhó* 20. *Thug sé ~ den mhaide dhó* 20. *Thug sé ~ faoi* 20.

suachma aid. Socair réchúiseach. *Duine breá ~ saista* 19.

suachmán f. 1. Duine bog ramhar 20. ~ *mná* 20. ~ *breá de ghasúr* 20. 2. Coinín, giorria mór ramhar 20.

suaidín. Min choirce ar uisce (le n-íthe) 31.

suáilce. Beannú, beannacht. *'Bail ó Dhé ort (nó orraibh)' an súbháilce is coitianta air a' mbaile* 24 *bail.*

suáilceas f. ~ *an lae,* beannú suáilceach. *A goil harut ar a' mbóthar agus nach fíú leof subháilceas a' lae a thóirt nó a spáint duit* 24 *aghaidh.*

suaimhneach, -neas : **suirneach, -reas.**

suaité aid. bhr. *Tá sé ~ snoite* 19, . . . caite amach ag an aois. *Chomh ~ leis an bhfióg* 19.

suaitheann. 1. Díleánn. . . . *tá tú an fhad sin a' méirínteacht leis is go mbeacht sé ití is suait' gum* 24 *méirínteacht.* 2. *Ag imeacht ag suathadh latháil* 19, ag siúl thart go díomhaoín. 3. *Bhí sé mór otrai agus g'iarraidh bhe a' suath a bhoilg* 27.1138, ag aclaíocht lena bhéile a thraoitheadh.

suán¹ f. 1. Sabhán, banbh maith mór. *Catha sé go bhfuil tú á mbeathú ar leith, le go bhfuil tú a' dóna sudín cho héascaí sin daof* 24. ~ *maith muice* 20.

2. Duine (go háirithe gearrchaile nó gearrbhodach) ramhar 20.

suán² f. 1. Mias a dhéanfaí de sméara dubha brúite (idir chlocha) 20. 2. Deoch a dhéanfaí de mhín choirce ar uisce 19. 3. Deoch leamh. *Cén sórt ~ é seo a rinne tú?* 19 (le tae lag). *Is é an ~ é* 19 - le drochphórtar.

suanaí f. Mada codlatach 20.

suantaireacht a. br. Suanaíocht 20. *Ag ~ chodlata* 20.

suarach aid. 1. Sochreidte. *Nach mé atá ~ a'd* 20, nach glas a cheapann tú mé a bheith. *Nach é a bhí ~ ag géillúint dhó* 20, nach é a bhí saonta á chreidiúint. 2. *Is ~ an t-ionadh sin* 20, is beag an t-ionadh sin.

suaráil b. Suaraíocht. *Ná bíodh ~ ort* 20.

suas dobh. 1. Aníos ón tine. ~ *ón tine* 20. *Coinnígf*

~, síleann sibh nach dtastaíonn teas na tine ó dhuine ar bích ach wev héin 24 tine. Gabh ~! 20 (le mada). 2. I dtreo an láir. *Bhuail sé ~ an t-oileán* 20. ~ *sa tír* 19, i lár tíre. 3. Fásta. *Bhfuil a chlann ~? 20*. ~ *ina cailín óg* 20. . . . an chuid eile acub roinnt ~ 20. 4. Mór le. *Bhí sé ~ leis an uaisle* 20. 5. Dlíis do. *Sé bhí ~ len fhocal* 24 iascaire. ~ *lena ghealltamas* 20. *Nach é a bhí ~ dá fhocal* 20. 6. ~ *is anuas le*, timpeall. ~ *is anuas le céad bliain* 20. 7. Cén sórt ~ *is anuas a bhí agat air?* 20, cén sórt déileáil mhinic, útamáil a bhí agat leis? *Bíonn sé ~ anuas le chuile dhuine* 20, bíonn sé i gcomhlúadar gach duine. 8. (Mar fhocal treise). *Faitíos go n-éireodh tada ~ 19*. *Rud aisteach a' tarhú ~ ann* 19.

suc. 1. Peata uain, lao, nó bainbh. *Tá sé ina suc* (sic) 20. *Chaithfádh ceann acub a bheith ina ~ 20*. 2. Súdaire de dhuine 20.

suc(a) f. 1. Sonc. *Hainic siad taobh shiar dhuin go shíola agus hui siad suca gon ríste sna heasnacha dhúinn 24 tabhair*. *Thug sé suc dá mhaide láimhe sna heasnacha dom* 27.426. 2. *Níl suca ná saca ann* 20, níl aon neart ann.

sucaire f. Súdaire, stocaire 20.

súcaireacht a. br. Súdaireacht 20.

sucann. Sacann. *Níl a fhios agam cén poll a mbíonn siad suctha ann* 20. *Suctha síos ag an tine* 20. *Shuc mé isteach mé fhéin faoin aill* 20. *Suctha isteach sa gcúinne* 20.

súch. ~ *Dé oraibh!* 20 - a déarfadh duine a thiocfadh isteach sa teach agus muintir an tí a bheith ag ithe. ~ *Dé is Muire ort!* 20 an freagra.

súchán f. Suán (q.v.). *Ag díonamh súcháin* 20 (de sméara dubha).

súdaireacht b. Blaisinteacht le deoch. *Caitheá uaihb a' ~ leis a' deoch ach ótaí suas feastach é* 24.

súfar aid. Súmhar. *Is ~ iad na sméara réis iompu dubh . . . 24*. *Féar breá ~ é sin* 24. *Tá cuma ann ~ orthu* [úl] 27.1038.

súfarach aid. Súmhar. *Tá 'ráistí an ~ 24*. *Tá cuide go na toraí bhfad níos súfaraí ná a chéile* 24.

súgail b. Meisce éadrom. *Nuair a d'imigh an t ~ dhó . . . 20*.

súgán f. ~ *fatafola* 20, rópa a dhéantar d'fhiatail.

suí a. br. 1. *Ní fad mór a bhí siad istí ann nuair a cuiriu sionach ina shuíomh* 27.793, . . . nuair a dúisíodh sionnach. 2. ~ *ná suimneas, suaimhneas ar bith . . . nach bhfuil sé a' fáil sui ná suimneas go dteigh sé ann . . . 24 bás*. 3. *Ní rous (ra fhios) aige 'na shuíomh ná 'na sheasa bhí sé - le linn pian obann thiocht air ó bhúile* 24. *Ní raibh a fhios agam a raibh mé i mo shuí nó i mo sheasamh* 20, bhí mé thrina chéile le faitíos. 4. (a) ~ *isteach*. *Shí sé ~ isteach ar Choilín* 20, . . . súdaireacht a dhéanamh . . . *Ag iarraidh ~ isteach a'inn* 20, id. (b) ~ *i mbun*. *Bhí sé ag brath ar ~ i mo bhun* 20, . . . 'dúil orm', rud a mhealladh uaim. (c) ~ *suas ar dhuine* 20, bheith ag súdaireacht ar . . . *D'fhanfadh sé ina shuí suas ort* 20. 5. *Tá mé ag goil ag ~ 19*, tá mé ag dul ag cac.

súí f. Súiche 20.

suíbe. ~ *de dhuine* 19, duine nach mbeadh aon chuma ar a chuid oibre ná ar a chomhrá.

súicéara f. Sucaire (q.v.) 20.

súicín. Ainm ceana ar lao 19.

súifeanach aid. Ciallmhar, staidéarach. *Comhrá ~ 19*. *Duine ~ 19*.

súifeanacht b. Ciall, stuaim 19.

súil. 1. Súile móra. *Díon tuille nádheana a d'fhág súile móra orainn . . . 27.73*, . . . a chuir iontas orainn. *Dhá shúil mhóra. Cé raibh do dhá shúil mhóra nach bhfaca tú é?* 20 - le duine a bheadh ag cuartú rud is nach bhfeicfeadh sé é. . . . *i ag breathnú air lena dhá ~ mhóra* 20 (agus nach bhfaca sé é). . . . *is cam a t ~ a béarfai air . . . 27.221*, is go míshásta a bhreathnófaí air. ~ *ghruama. Ní thiúrfá ~ gruama ar an méid sin* 20, ní bhfaighfeá locht ar . . . , ní thabharfaí aird ar . . . *Ní thiúrfainn ~ gruama ar chuide dhi a choinneáil* 20. *Chúns bheas uisce i mo shúil* 20, fad a bheidh mé beo. *Bhfuil tú ag iarraidh amharc mo dhá shúil a bhaint díom?* 20, bhfuil tú ag rá nach bhfaca mé an rud a deirim a chonaic mé? *Chonaic mé as deireadh mo shúil é* 20, . . . as 'cúinne' na súl. *Tá na súile á mbaint as* 20, tá an iomarca oibre á bhaint as. *Tá súile na heascaimne aige* 20, . . . súile an-ghéara. *Súile firéid* 20, id. *Thiúrfadh sé an dá shúil as a cheann air* 20, tá an-dúil aige ann. *Chuir sé a shúil thar a chuid* 20, thug sé leis an iomarca, d'ól sé an iomarca. *Níor dhuin sé a shúil ariamh i dteach an ósta orm* 20, níor sheachain sé mé (cheannaigh sé deoch dom). 2. *An t ~*, drochshúil. *Is é B. a leag an t ~ uirthi* 19. 3. Breathnú, féachaint. *'Is measa an t ~ a cha sé orm' déaras duine 'ná cic ó mhúille'* 24 múille. . . . go weoch muid ~ eile air 27.75. *Ní dhearna mé ach ~ amháin a thabhairt air* 20. *Sa ~ bheag a fuair mé orthu thug mé faoi deara . . . 27.1414*. *Bhí corrshúil anuas ag an tdiúilír i gcónaí* 20. 4. *Lán na súl a thabhairt leat*, radharc maith a fháil ar rud, chun é a choinneáil i gcuimhne. *Níl muid ach a' caithea an lae a' breanú uainn agus a tóirt lán a [na] súl linn* 24 lá. *Ní cuid-súl mór a' bith sean-bhallaí an chaisleáin . . . réis sin, níl bliain ar bith nach bhfuil daoine a' téacht a' tabhairt lán a súla leo dhó* 27.428. 5. (Le cúrsaí codlata). *Níor leag mé mo shúil ar a chéile aréir* 19, níor chodail mé néal ná ~ níor leag muid air a chéile go rinne sé lá bán air maidin 24 neartaíonn. 6. *Dul, éirí, bheith i do shúil, tú a ionsaí . . . bean óg nach bhfuil a' déal staidéir ná foighne inntí agus a rachas in do shúile go léim* 24 dris. *D'éirigh sí i mo shúile* 27.1429. *Tá sé cho stuacach is go bhfuil sé in do shúile go léim, má dhéarann tú focal amháin i n-oe 24 stuacach*. 7. *Méir a chur i do shúil, tú a bhréagnú. Á ndéarfá le fear leathchéad bliain ó shin go mbeadh ithe déanta fós inntí, chuireadh sé méir in do shúil* 27.449. 8. (Le beagáinín). *Ní bhfuair mé oiread is a chuirfeadh fear ar do shúil* 20, . . . oiread is a chuirfeadh anó ar do shúil 20. *Ní bhfuair mé ach lán súile mo mhéire air* 20. *Ní bhfuair mé ach lán súile mo mhéire dhó* 20. *Ní*

raibh oiread ~ circe ann 20. *Tabhair dhom oireadh is nach ndallfadh do shúil* 20. **9.** *Go ~*, go barr. *Tá sí [bád] luchtaithe go ~ 20. Tá an teach lán go ~ le daoine* 20. **10.** *Thar a shúile*, thar maoil. (*É*) ag cur thar a shúile, (*é*) ag cur thar maoil. . . . *níl aon am a rachas tú an bealach nach bhfuil a' síopa a' cuir har a shúile ag daoine* 24 trácht. *Beidh na margai a' cuir dhá súile go ními an Nolaic le éanlachaí* 24 margadh. **11.** (*Le práta*). ~ ar scioldán. *An t~ tóna a tugtar eiri, ní chuireann sí aon bhachlóg amach* 24 sgiollán. **12.** ~ mhaide 32, poll i bpíosa adhmaid i rópa róin. ~ *síoslúir* 19. ~ *gruiféid*. *Tá ~ ar an ngruiféad, áit a dtiocfaidh an téad* 20. *Fáinne súil* 19, fáinne (don mhéir) a bhfuil clochá ann. **13.** *Tá an teach ar shúil an bhóthair* 20, ar thaobh an bhóthair agus cóngarach dó. **14.** *Dóchas. A. Tá ~ agam é. B. Nár théigh an t~ sin amú ort!* 20. *Bhí roinnt ~ againn leis* 20, bhí roinnt dóchais againn go dtiocfadh sé. **15.** *Dheamhan a shúil a rinne sé* 20, dheamhan dada.

súileachas *f.* Airdeall, aire. *Chuir mé ar a shúileachas fhéin é* 20, chuir mé ar a aire fhéin é. *Bí ar do shúileachas fhéin anois!* 20.

súileáil *a. br.* Síleáil. *Clárachaí súilóla* 20. ~ *an tseomra* 20.

súiléar *f.* Siléar 20.

súileog *b.* Iomaire beag. *Ar chuir tú aon t~ fós?* 19. *Cuirfidh muid an t~ seo anois* 20. *Chuir mé cupla súileogín* 20.

suim *f.* **1.** *Téann chun ~e*, . . . chun tairbhe. *Tiocfaidh sé um suime dhó* 20. *Hainic sé'n suim' a babhta seo dó* 24 *Bóthar Shuibhaine*, tháinic sé [maide] chun tairbhe. **2.** Buairt, stróbh. *Deabhal blas ~ a chuirfinn ann* 20, ní chuirfeadh sé aon stróbh orm, aon fhaitis orm. *Ní raibh aon ~ i dtórrann acub* 20, ní chuirfeadh torann as dóibh.

súiméad. Suaiméad. *Suim ná ~ 19, 20, suim ar bith. Deamhan ~ a chuirfinn ann* 31.

suimiúil *aid.* **1.** ~ *i rud*, ag cur spéise i rud. *Bhí sé an [ina] fhear sách ~ an [in] chuile shaigheas spóirt* 24. *Bheidhinn an~ i mbáire math* 24. ~ *san obair* 24. . . . *atá siad chomh suimiúil sa gcámán is a bhí muidé* 27.71. *Bhíodh lucht na gclub agus na daoine móra a bhíodh ann chomh ~ sa rása sin le muintir a' bhaile* 27.1498.

suimreach *aid.* Suimhneach. (Leis an aimsir). *Réis' chaoi ra an lá, tá an oí breá ~ 24.*

suimreas *f.* Suaimhneas 24. *Go dtuga Dé ~ na hoi dhaoibh* 24. (Leis an mbr. *déanann*). *Níl sé ag dónamh suimris in áit ar bith* 20. (Leis an aimsir). *Is mór is fiú an ~ breá hainic sa n-óí réis a' chaoi ra an lá* 24. *Tá P. air a shuaimhneas le blianta ach níl a' bhean a t-achar sin cailte* 27.1220, . . . básaithe . . .

suime *b.* *Is é an t~ an méid de'n éadach bheas fite eidir an maide uicht agus an láimhchlár* 20. ~ *eile a lígean agat fhéin le fíochán* 20.

súioch *aid.* Faoi shúiche 20, 31.

súiochan *f.* **1.** *Caithfidh muid ~ a chur air sin* 19, caithfidh muid é sin a phlé. **2.** *Ó tháinic an saol ar ~ 32, ó hainic a saol chun saothan* 27.55, ó thús an

tsaoil. *Chuns a bheidh an saol ar ~ 20, go brách.* **3.** *Ag ~ 19, i do shuí i mbun feartha.* **4.** *Líonadh ar an úth roimh bhreith. Sé'n 'saochan' an chuma bhaine a chuireas bó eiri féin nuair atá sí le breith. Air úth na bó atá an fear a' faire a ndéanfadh sí saochan breá nó drochshaochan. Más saochan breá a dhéanfas sí beidh an úth siar eidir a dhá ceathrú agus amach faoi na boíg, scara faoi na sinúcha agus iad uile a bheith rite teannta nuair atá sí le breith* 27.1459.

súiochán *f.* **1.** Duine dúchraicneach, dúfholtach 20. **2.** Duine salach agus b'fhéidir rian na stúiche ar a chuid éadaigh 20.

suipéar *f.* Béile áirithe roimh an mbainis. *Trí nó ceathair g'ólenta roimh lá na bainse a bhíodh a' ~. I dteach a' chailín óg a bheadh a ~ agus i dteach an fhir óg a' bhainis* 24.

suirbhéir : **seilbhéar**.

súisín *f.* Cúis, scéal. *Pé brí ~ é, caithfidh tú ghoil sa ngarraí* 20. *Níl a fhios agam cén ~ é* 20. *Ffr. súistín.*

suirí : **soilí**.

súiste *f.* **1.** ~ *Chonáin. Ní bhaineadh ~ Chonáin as a cheann nach bshíad na daoine maíthe a bhí ann* 27.1305, ní bhainfeadh rud ar bith . . . 27.1305. **2.** Leisceoir tromchosach. ~ *breá láidir* 20. ~ *mór de bhean* 20. *Tá an ~ fhéin istigh* 20. *Siúd é an ~ 20.* **3.** Capall mór leiscúil 20. **4.** *Tiúrfaidh mise ~ dhuit* 20, buailfidh mé thú.

suisteáinín *f.* Duine beag leathan 20.

súistéara *f.* Súisteoir 19.

súistéarach *a. br.* Súistéáil 19.

súisteog *b.* Cathaoir déanta de thúí 19.

súisteoireacht *a. br.* Súistéáil 19, 20.

suistín *f.* Gasúr íseal leathan (timpeall 6 nó 7 de bhlianta) 19.

súistín *f.* *Cibé (pé, pé brí, feabar, etc.) (cén) ~ é, cibé scéal é, ar aon nós, cibé cúis é. 'Cibé ~ é' a deirim 'innseoidh mé sa chéad fhaoistean eile é' 27.915. 'Feabar ~ é' a deir S. 'beidh fhios amárach é' 27.285. Deir siad leis ansin cibé ~ é go gcathadh siad greim le n-ithe a fháil* 27.1262. *Bhí an t-ocras a' breith oru agus a' cathu a' méadu, feabar ~ é, go gcaifhí é goid* 24 arán. *Ach feabrai ~ é bhí péire nú stocai ag a' mac P'oe an bhothair* 24 snáth criotála. *Ffr. súisín.*

súite' *aid. bhr.* **1.** *Dúilmhear. Nach é a bhí ~ aige [chuige]* 20. *M'anam go n-ólach siad héin 'jorum' dhó cho súití le fear a' bith beo* 24 ól. *Tá sé an ~ é a cheannacht* 20. **2.** *Tartmhár. Ní aimsir shúití an t-am sin go bhliain ach go minic réis gail tobac go mbuaileadh tart thu* 24 géireacht. *Obair shúite a' spealadóireacht lá te Samhradh* 24. *Sí an obair is diabhálta agus is ~ faoi rothai na gréine í . . . a' bualadh arúir ar chloch istí i mbothán . . .* 24. **3.** *Triomaithe. Bhí na fataí ~ 20, bhí an t-uisce a bhí á mbruith imithe ina ghail. Bheadh an sáspan ~ 20. Bhí an tobar ~ 20.*

súite' *f.* An méid féir, a bhainfí de bhuille speile. *Is maith é do shúite féir* 32. . . . *na súití féir a bhí sé a chur thairis* 32.

súiteacht *b.* Íota dochoiscthe. *Tá ~ eicint a goil dom ó mhaidín 24. Is fada bhíodh a' t ~ sin a goil duit . . . 24. Bhuail tart é agus as sin hainic sé 'na shúiteacht air 24. Tart a bheith go léim ort réis deoch ól sin ~ 24. D'ól muid trí phionta an fear agus ní le ~ ná le deifir é 27.1332.*

súiteán *f.* 1. *Thug sé ~ faoi 19, 20, bhain sé bolgam as. 2. Tóchar nó poll súite faoi chlaí 20.*

sula : hál ná.

súlach *f.* 1. Leacht dubh bealaithe a fhágann na cruimhe ar olann na gcaorach. *Bhí an chaora in a scairte ag cruibhí agus í ar fad faoi shúlach 24. 2. Silleadh i gcos an phíopa tobac. Bhí blas na mallacht ar a' ~ a hainic aniar as a' bpíopa 24. 3. Solamar. Ní mórán ~ atá le fáil anseo a'd 20. Ní mórán ~ a bhí le fáil ariamh tiompall orthab 20.*

súlachas *f.* Leacht tiubh shalach. *Tá ~ ag tíoht as an bpíopa 20. Tá an tsráid lán de shúlachas 20.*

sult *f.* Pléisiúr. (a) *Bhí an ~ i gcú math aige 24. Gheofá courfhear is bíonn an oiread sult i bpáistí na comharsan aige is dá mbu leis héin iad 24. (b) ~ a fháil i rud. Sé a bhí a' fáil ~ sa gcórá 24. . . leis a' ~ tá mé fháil sa gceol 24.*

súmaí *f.* Cúléisteoir tostach a bheadh ag tóraíocht eolais faoi ghnóthaí daoine eile 20.

súmáil *a. br.* 1. Obair mhall. *Tá tú ag ~ ansin ó mhaidín 20. Ná bí an-fhada eile ag ~ leób 20. 2. Blaispínteacht óil. Na bí ag ~ leis ach ól é 20.*

súmaíocht *a. br.* Obair an tsúmaí (*q.v.*) 20.

súmaire *f.* 1. Súmaí (*q.v.*) 20. 2. Duine mall ciúin gan ghús 20.

súmaireacht *a. br.* Iompar an tsúmaire 20.

súmh sámh. *Bhí sé ina shúmh sámh 19, bhí sé ar a sháimhín só gan corraí ná focal as.*

súmhar : súfar, súfarach.

súmradh *a. br.* Suanbhruith 20. /'su:n,wru/ 20 freisin.

súmsacht *a. br.* Moilleadóireacht 20.

súnás *f.* Spreagadh gnéisúil 20.

sunda *f.* Nuair a bhíos tórainn dá díriú i ngort fada . . . *sundai a tugtar ar na spéicí a bhíos acu sáite sa torain lena coinneál díreach 24. An áit a mbeadh a' tórainn ann-fhada . . . fir a bhí na sundai 24. Bhíodh sundai dá thóirt ar na comharthaí a bhíos ar an abhainn freisin acu 24. Ffr. stunda.*

sunda *f.* 1. Scáil ruda, rud nach mbeadh sách soiléar le go n-aithneofaí céard é. *Céardós ~ é sin ar t'aghaidh? 20. . . as bealach ~ í chasfaí san oíche air 20. Chonaic mé ~ 20. 2. Slam ceo. Tá ~ í ar na cnoic 20. 3. Caolsháile. Amach an ~ 20.*

sunda *aid.* Bunáiteach, teann. *Nach ~ an mhaise dhuifé! 20. Nach ~ an breac é! 20. Is sundai an t-éun é an dreoilín 24 dreoilín. Fear beag ~ 24 paiste.*

súnn. 1. Tarraingíon isteach. *Bhí fáca tú seilimide ariabh a' sú isteach na n-oerca nuair a leacá sop féir orú? 24. 2. Meallann. Níl pín anois aige nach bhfuil súiti woe ag clann a dhreathára réis a ra aige 24. Shúigh sé an t-airgead uaim 20. 3. Bhí sé ag sú 19, bhí sé ag ól deoch.*

suntas *f.* (a) Cuireann ~ air, tugann faoi deara. *Ná cuirí aon t ~ air 19. An rud is mó ar chuir mé ~ air 19. Ní chuirfínn ~ ar leith air 20. (b) Nuair a chuaigh ~ uirthi 20, nuair a tugadhuntas di.*

súpáil *a. br.* Blaispínteacht le hól. *Ól é is ná bí ag ~ leis 20.*

súpláilte *aid.* Ligthe lúfar. *Chomh ~ le mionán mósa, . . . le searrach Earraí 24, . . . le coinín Fómhair 32.*

súpláilteacht *b.* Aclaíocht, lúfaireacht 24.

súsa *f.* Cuilt. ~ *de chapall 20, seanchapall gan mhaith.*

súsán *f.* Píobán. *Fuair sé faoin ~ é 20, fuair sé greadadh buailte.*

sutach *f.* Páiste fir mídhlisteanach 20. ~ *raithní 20, id. Ffr. sotach.*

sútam. *Sú ná ~, cothú. Dheamhan sú ná ~ iontu 32.*

sutarún *f.* Sutach dána mínósach (de bhuachaill nó de chaillín). ~ *mímhúintí 24A. Bhí sí suas ina sotarún mhaith 20. B'iad na sutarúin gan mhúna iad a' tachtan a mhadra bocht a bhí air seachrán air a' mbaile 24 tachtann. D'fhág sotruín lorg a lámhe air phostai an gheata chun oiread leis a' triúr fear óg tamal blianta ó shin a thug leó an chloch a raibh an dáta eirí 27.416. Go mo seacht míle measa a bheidheas sibh bliain ó nocht is amáireach a dhá shotrúin gan mhúna . . . 24 tiubh.*

sveit. Agall déistine 20.

T

tá. 1. *Ná raibh ann dhó, marar inis sé orm é 20, nár mhaire sé . . . 2. Cáit a bhí ríst ann . . . Eibhlín a bhí na diadh, Cáit a rugadh ansin, Eibhlín a rugadh ina diaidh 27.7.*

tabhairt /to:ri:/, /t'u:ri:/ *b.* 1. Leagan máimh. *Ar chuir tú aon cheo ar an ~ 20. Níor tháinig mórán ~ easaí 20. 2. ~ stós, cur síos. Ní raibh aon ~ stós ar a leath 20. Duine ar bith nach bhfuil an éilim ann ní féidir leis an ~ stós a dhíonamh 20. 3. Bhí ~ léi an bhóthair inti 20, bhí coisméaga móra aici [capall]. Ffr. tugann.*

tabhartha /to:ra:/, /to:ri:/ *aid.* Tugtha (do), tórmhar (ar). (a) ~ *ar. Tá sé an ~ air 20. An ~ ar chártaí 20. ~ ar an ól 19. Bhí Fionn chomh ~ air thobac leis . . . 27.545. (b) ~ do. D'fhiceá cour dhuine an-tóraí gon ól 24 tugann. Tá daoine an-tórraí go iascaireacht air a' mbreac 24 breac. Ní raibh mórán beirt dreathar a bhí chomh geanuil ná chomh tóraí dhá chéile linn 27.113.*

tabhr /taur/. 1. Gail mhór tobac. *Chaith sé ~ tobac 20. 2. ~ in airde, 'head over heels'. . . chomh lúfar is a bhí cleasaí in an tour n-airde a dhéanamh*

naoi n-uaire ndiaidh chéile gan a cheann a leagann air a' talamh 27.436.

taca f. 1. Tá sé [páiste] *tosaithe ag siúl le ~ 20, . . . ag siúl le cúnamh. 2. As cosa i d~, ina dhiaidh a chéile, go tapa. Sí an tríomha ceann í as cois i d~ 24 cuireann.*

tacálann. Burlálann (seol). É [seol] a *thacáil anuas 19. Ag ~ an tseoil 19. . . . go dtacála sé é 19.*

tachtann. Slócht, tinneas scornaí 20. *Tá ~ in do mhúineál 19.*

tachtann. 1. Bainneann an cumas cainte de. *Bhí sé go mo thachta le Béurla . . . 24. Agus fua an Sárgint sa gathaoir [fianaise]. Is géarr a bhí sé shuas nuair a thacht tournae Mhac na Mara é 24 saor. 2. Tá sé cho tráthúil is go barúil a' cainnt is go bhfuil muid a riocht a bhe tachtat aige le farach gáiri 24. 3. Rinne tú tachtadh! 20, mharaigh tú go leor (éisc). 4. Do thach[adh] agud! 24 tachtann, - eascaine.*

tada. 1. (Dobh.) *Má fheiceann sé thusa ag neartú sa saol ~, tá sé do t'aimsiú 20. Níl tú ~ mall 19, níl tú mall ar chor ar bith. Ná bí ag titim siar ~ 20. Níor chuidigh sé ~ leis 20. 2. ~ leis, ar égean, ach go díreach. Ní raibh luach a phionta aige, ~ leis 20. Má bhí a dhóthain aige, ~ leis 20. 3. (Mar ainm). Bhfuil mac J. R. ina thada? 19, bhfuil post ar leith ar bith ag mac J. R.?*

Tadhg a. díl. 1. Tá mé i mo Thadhg 20, tá mé i sáinn, i mo staic. 2. *Ní bhfuighfidh tú é go n-éirí ~ Ó Cathail as na seacht dteampaill 31, . . . go brách.*

tae /te:/. Olfaidh tú ~ eile air 20, tá lá oibre eile agat air (sa ngarraí).

taeró. Bleid, forrán. *Chuir sé ~ orm 20.*

tafann. *Ní fiú leis an ngadhar fhéin ~ a ligean ort 19, ní fiú dada thú, is duine suarach thú.*

tagann, teagann. 1. (Le cártaí). *Céard a tháinig le clár? 20, cén cárta a tugadh? Céard a tháinig? 20, id. 2. Tíocfaidh, thíocfadh, rachaidh, rachadh. Imeoidh siad leob anois, pé brí cé dtíocfaidh siad 20. Dhá dtíocfainn fhéin ag caint leis . . . 20. Cheapfa go dtíocfadh tuairim's cárt ann 20. 3. Tosaíonn. Hainic sé ag báisteach sa meán lae 27.87.*

4. ~ ag, tá á iompar ag. Trí ronnach a tháinig agat 20. Tá lastas ag tíocht aige. 5. ~ amach. (a) Tarlaíonn le imeacht ama. Cé chaoi a dtíocfaidh an saol amach 'uinn [dúinn]? 20. Tháinig sé amach an-shreagrach dhom 20. (b) Cén uair a tháinig sé [sagart] amach? 20, cén uair a rinneadh sagart de? Tháinig sí amach ina dall 19, d'éirigh sí dall. (c) Ní faoi chearc a tháinig sé sin amach 20, duine an-chrionna é. 6. ~ amach ar, insíonn. Tháinig siad amach ar aon scéal amháin 20. 7. ~ aniar, feabhsaíonn, éiríonn láidir. Hainic an iascaireacht aniar an-mhór air a' loch har fadó 24 iascaireacht. 8. ~ ar. Tráchtann air. Rud eile a raibh mé ag goil a theacht air 20. 9. ~ chun, chuig. (a) Thíocfadh sé un tairbhe 20, rachadh sé chun maitheasa. (b) Dhá dteagfadh sé aige sin 20, dá dtarlódh sé sin, dá mbeadh an scéal chomh dona sin. (c) Tháinig inní ag-án a mháthair dhó 19. 10. ~ do. (a) Tosaítear ag obair ar. B'fhéidir go dtíocfaí dhó níos túsce 20. (b) ~ sé go dona do na fataí 20, déanann sé dochar

do na fataí. (c) Tá le fáil ag (de réir socráithe). *Seacht is sé pinne atá ag tíocht sa tseachtain dhó agus an chuid eile don bhean 20. 11. ~ faoi. (a)*

Pléann, déanann trácht air. B'fhéidir go dtiucainn faofa sin am eicint eile 27.689. (b) Éiríonn lofa. Tíocfaidh fúthab [iasc] 20. (c) Lonsaíonn. Nó seala cearca ceannan air an uain nuair a thagann a' foeléan mór faofa . . . 24 ritheann. 12. ~ i. (a) ~ sa saol, tarlaíonn, tá i ndán dó tarlú. Sa saol a tháinig sé 20 - a déarfai le hathrú mór ar an saol a cheapfaí a bheadh i ndán. Mar dteaga sé sa saol, buailfear iad 20. (b) Fásann, méadaíonn. Ag tíocht ann a bheas 20. (c) Bhí sí teagtha ina Caitligeach aríst 19, bhí sí iontaithe ina . . . (d) Hainic sé 'na mhearbhal orm a' comhaire na bpíneacha nú 24 mearbhall, thosaigh mearbhall ag teacht orm. Tháinig sé ina fhaitíos air 19. (e) ~ suas le. D'aire mé róm iad ar a' mbóthar ach níor fhéad mé a theacht ionntu na dhiaidh sin go bhárr ar dhuibh-eacht na h-oi, . . . 24 airíonn. Níor fhéad a' ceathar eile a thíocht iontu go ra an rása rití 24 tinneas. (f) ~ (amach) i, foilsítear, insítear. Cuid mhaith dhá ndíonfaidh sé sin, ní thíocfaidh sé in aon pháipéar 20. Tháinig sé amach sa bpáipéar go . . . 20. 13. ~ isteach. (a) Beireann. Tá muid rite 'mach a mbainne nó go dtaga an bhó isteach aríst 24 ritheann. (b) ~ isteach le. Ba cheart duit é a bhualadh is a pháirtí ag tíocht isteach leis 20, . . . agus an imirt ag titim ar a pháirtí. (c) ~ isteach do, oiriúnann do. Ní fhéadaim smaointiú ar aon fhocal sa mBéurla a thiocfadh isteach dó 24 farach. 14. ~ le. (a) Ní raibh a chnámha a téacht leis 27.957, ní . . . ag géilleadh dó, bhí ag goilliúint air. (b) Níl sé ag tíocht le réasún 20, . . . ag lúf le réasún. (c) Faightos go dtíocfaidh leis 20, . . . go scaoileadh sé (rópa a raibh snaidhm air). 15. ~ ó. (a) Sáraíonn. Níl aon cheo ag tíocht ó intreacht an duine 20. (b) Thíocfadh muid óm in 20, mhairfeadh muid, ainneoin easpa ime. 16. ~ síos le, réitíonn le, taitníonn le. Duine nach bhféadfá thíocht síos leis 32. Tá sé an-éasca thíocht síos leis 20. Ní raibh fear ar bith ag teacht síos leis ach R. 20. 17. ~ suas, fásann suas. Ag tíocht suas in éineacht ina ngasúir 19. An páiste is fearr a raibh teacht suas faoi 20. 18. ~ thart, tagann faoi dháir. Nuair a thagann bó roinnt seachtainí réis beatha thart le tabhairt chuig a' tarbh 'atá an bhó faoi dháir' a deirtear 27.1461.

taghd : saghd.

taibhse b. Tá tú i do thaibhse i mbéal bearna romham 19, tá tú sa mbealach orm. *Maran tú ~ an mhéad oíche!? 20 - le duine a bheadh amuigh deireanach.*

taibhsíonn. Taibhríonn. *Thaibhsigh mé go . . . 19. Dhíon mé taibhsíú aréir go bhfuair mé airgead . . . 19.*

taicéad /tak'e:d/ f. Tíocad. *Nuair a chonaic mé nach rabh aon mhaith dhom a síneadh mo thaicéad aige . . . 24 naofacht. An dochtúr a chaithead siad a fheicid an uair sin agus ~ a bhe acu 27.873.*

táilliúirín f. Táilliúr uisce (q.v.) 20.

táilliúr f. 1. ~ snáthaide 19, táilliúr a fhuálann lena

lámh (gan aon inneall aige). 2. ~ uisce, feithid bheag, droim dubh crua uirthi, a bhíonn ag imeacht ar bharr uisce 19, 20. 3. *An teach a bheith ag an ~*, an teach a bheith faoi aon duine amháin. *Bhí an teach aig a' táiliúr ansin, bhí sé leis féin arís gan bean gan clann mar a bhí sén chéad lá aríomh* 27.463. . . . *réis bás Sheán Ned bhí an teach aig a' táiliúr ansin* 27.520. *Bhí an teach aig a' táiliúr, tharraing mé chugam a' peann sa dúch agus thosa mé a scríobh* 27.1232. *Bhí an teach aig a ~ leis féin go maidín ansin* . . . 27.189.

tainneachtáil a. br. Taitneamh 20.

taitneamh. 1. Taitneamh, breáthacht. *Tá ~ sa lá* 20. *Tá ~ ag teacht san aimsir* 20. 2. *Chuir sé ~ ann* 20, thaitin sé leis, chuir sé spéis ann.

tainníonn. Taitníonn. (Gan forainm mar ainmni) *Cheapfaim gur thainnigh léi* 20. *Ní thainníonn leat a bheith anseo* 20.

tairgeáil a. br. Tairiscint. *Bhí sé a' tairgeáil an asail dhó a' cuir amach na móna* 24. . . . *an deoul baol go bhfuil mé goil go mo thairgeáil héin dó* 24. 'Seo Sheáin,' a deirim, 'cath gail', a' ~ a' phíopa dó 27.909.

tairgín f. Tairngreacht. *Sé bheach in an meoir agus eólas glan a thóirt dúinn i dtaobh an ~ . . .* 24 naomh.

táirim /ta:r'ím'/ 20, /ta:r'ím'/ 19, 24. Oibriú deifreach síoraí, fuadar síoraí. *Ar aon ~ amháin ó shin* 19. *Cén sórt ~ an deabhail atá ort!* 19. *Bhí siad ar a d~* 20. *Níor tháinig ~ ariamh ort gur 'úirt mé leat gan é a dhíonamh* 32. *Bhí sé ag báisteach ar aon ~ amháin ó mhaidín* 20. *An áit a mbeithé ar do tháirm ar fea coicise dhá baint, díona an t-inneal in trí huair a' chloig é* 24. *móin. Bhí trí chábán óil coinnte air a dtáirm a sról* 27.219.

táirisc. Tuairisc. *Tuairisc ná ~*, tuairisc dá laghad. *Tuairisc ná ~ ní bhfuair muid eirí ó shoin* 24 cuireann. *Tuairisc ná ~ ní fíomh air ó d'ime sé* 27.367. *Tuairisc ná ~ ní chuir a dlí ná an t-arm air ariabh* 24 bláthach.

táirne f. 1. ~ féir 20, an tairne a cheanglaíonn an lann leis an gcrann speile. 2. *D'íoc sé ar an é* 20, d'íoc sé é le hairgead síos. 3. *Amach ón ~*, go nua, in éadach nua. *Tá sé gléastaí mach ó'n táirne* 24. . . . *déanta amach ón táirne* 24. 4. *Ní thiúrfainn ~ 'sixpenny' sa seans air* 19, . . . dáda . . .

tairngreacht : airgín, tairgín, targair, targaireacht.
tairseach : tearsach.

tairtiúil aid. Tartmhar. *Sé an lá is tairtiúla é ra mé plé le féar ariabh* 24. *Bu deounta ~ an fheoil í sin* 24.

táis'. Áis. (a) *Tá tú ag obair in aghaidh do tháis* 19, in aghaidh do dheise, ar easpa deise. (b) *In aghaidh do thola* . . . *In aghaidh [a] ~ a bheadh sí ag obair* 19.

táis' b. Sraith poll ar thaobh cléibh. *Buinne na táise* 20, an chuid den chliabh atá ardaíthe in uachtar na táise.

taisce 1. b. Bronntanas Nollag ó shiopadóir. . . . *a dtug a leithide seo aon ~ gon rath dhuif?* 24. . . . *teach a mbeithé a' déileáil ann a rith na bliana bhí*

~ mhaith le fáil agut. ' ~ ' a hugadh go leór go na sean-ndaoine air 'Christmas Box' 24 Nollaig. 2. f. Pota ~ 20, pota mór storála gliomach. 3. Cuir ~ maith anois air 20, cuir i dtaisce go maith é. . . . feileann a' t-an ~ a chuir air a' sleán . . . goil abhaile dhuif sa tranóna, nó ní mo leat fhéin ar maidín é 24.

taise. 1. Ní ~ leis, mar a chéile é. *Tá an deabhail craite ar an mbó sin, tá sí chomh bradach sin agus ní ~ leis an gceann eile é* 20. *Ó mhuisse ní ~ leatsa é* 20, tá tú chomh dona céanna leis. *Ní ~ liomsa, tá an gearán céanna a'm fhéin* 19. 2. *Ní ~ do, id. Ní ~ dhó é* 20. *Ní ~ dhuitse é* 20.

táiseachán f. Duine beag bídeach 20.

taisfhlioch aid. Roinnt tais. *D'éirigh leis an lá a bheith ~ 20. Éadach ~ 24.*

taisí f. 1. Taise. *Deabhail blas ann ach a thaisí* 20. 2. Duine beag caite. ~ *beag de dhuine* 20.

taisiléarach a. br. Fidleáil, méirinteacht. *Céard 'ós ~ atá ort leis?* 20. . . . *gan a bheith ag ~ leis* 20.

taispeánann : tuspánann.

tálach : trálach.

talamh. 1. *Ar an ~*. (a) *Ar domhan. Níl aon spóirt ar an ~ ach é* 20. *Ní raibh aon fhear ar an ~ ba láidre ná é* 20. (b) *Tagtha anseo. . . tá fear a' cheoil air a' tala . . .* 24 ceol. (c) *Tá sí [bád] air thala agus mura dtaga bád eicint a dhíonas cabhair orrain catha muid a' lá ann* 24, tá sí i ngreim sa ghrinneall. . . . 2. *Dul i d~*, bás a fháil. *Níor scair an phian leis go ndeacha sé i d~* 20. *Beidh catha na diadh agum go dtéigh mé i d~* 27.52. 'Más fada gearr', a deir sé 'go dteigh mé i dtala ní bhéara mé isteach arís do' 24. 3. *Thug sé ~ dhó* 20, mharaigh sé é. 4. *Faoi thalta na cruinne, ar thalamh an domhain. Sílím nach raibh sé faoi thalta na cruinne aon bheirt amháin a raibh an oiread dúil in tobac acu* 27.544. 5. (a) *Ó thalta na bó finne, . . . na cruinne, . . . Mhic Dé, ó thalamh an domhain. Ní bheadh fhios agut ó thalta na bó finne cén fá a raibh an oiread deataí air* 24 geaisín. *Níl a fhios ó thalta na cruinne* 20. *Níl a fhios agam ó thalta Mhic Dé . . .* 20. (b) *Faoi thalta na bó finne, id. Ní rous agum faoi thalta na bó finne cé rabh mé* 24 fóidín mearbhail. 6. *Tá ~ faoi*, tá sé measúil air féin, tá sé ag déanamh gaisce. *Deoul ceo ionntu héin ach stráiceanna . . . réis a' tala tá faofa . . .* 24 stráic. *Tá tala go leór anois faof ach ní chuimríonn siad chor a bith an uair nach ra an teas a' breith air a bhfuacht acu* 24. *Iadsan a bhfuil iomarca talúna faofa gan fios cén fá* 24. *Bhí a dhóthain talúna faoi* 20. 7. (Leaganacha eile). *Sheasfadh sé ~ in áit a bhfeannaí na cuit* 24A, mhairfeadh sé in áit dá dhonacht. *Ní dhíonfaidh mé ~ ná trá go deo* 20, ní thiocfaidh mé as an ngábh go deo (brí ghinearálta leis). *Ghabhfadh sé den ~ ort* 20, dhéanfadh sé súdaireacht ort cibé seans gheobhfadh sé. *Bhí tír is ~ ann* 20, bhí go leor leor daoine ann. *Tá mé thíos sa ~ aige* 20, tá mo chroí briste aige. *Síos sa ~ leis anois!* 20, ná labhair focal faoi.

tálann. Cailleann (bainne). *Tála sí é mar mbliche tú gon mhoel í* 24. *Thá sí chuile dheoir gon bhainne,*

ní ra an oiread aici é dhíonach a tae 24.
talmhaíocht. . . . cho héascaí is a cuirte le ~ é . . . a maraíodh é 24 *altachán.*
taltaíonn. Satalaíonn. ~ *siad an iomaire 20. Tá an áit sin taltaithe agat 20.*
támaíle aid. Righin mall sna cnámha. *Tá sé an-t~ ag imeacht 32. Fear atá ~ sna cnámha 20. . . . Réis chomh ~ is atá sé . . . is maith a' fuip siúil a bhí aige nuair a d'fheil sé dó 24 fuip. Tá mo ghlúin ~ 20.*
tamaíl f. Iasacht go ceann tamaíll. *D'iarrach sé ~ go do chraiceann ort dá bhféatá é thóirt 24 - le duine a bheadh ag iarraidh rudaí ar iasacht go minic.*
támleiscíúil aid. Leasc, neamhfhonnmar 19. *D'éirigh sé ~ go leor 20.*
танаí' f. Áit a bhfuil ithir thanaí. . . . go dtiocfaidh tú aníos ar an ~ 19 [sa ngarraí].
танаí' aid. 1. *Bhí Owens cho ~ le scolb 24 sprionta. [Duine] chomh ~ le píosa trí píne 19. 2. Ní fhaca mé ag goil siar chomh ~ fós í 20, . . . i bhfarrage chomh héadomhain. 3. Annamh. Ní raibh sé ag castáil orm ach an ~ 20. Níl sé [focal] ach ~ ann 20. Is ~ a d'fheicfeá chor ar bith é 20. Áit a bhfuil na hÉireannaigh an ~ ann 20.*
танаíаnn. Laghdaíonn. *Eidir a' bás agus a' t-imeacht, tá sé a' tanú na dtíche in go leor bailteacha air fud na tíre 24.*
танкард f. Ancard, soitheach adhmaid a mbíonn dhá láimh aníos as, agus poll iontu. ~ bainne 19. *Ffr. ancард.*
тангаіаnn. Teagmhaíonn. **1.** *Thangódh dhó a bheith amhlaidh 20, tharlódh . . . 2. Thangaigh sé liomsa cheana 20, bhain sé 'bearradh' díom, bhí sé ag súdaireacht orm. Tangóidh muid leis anocht 20, meallfaidh muid rud uaidh le súdaireacht anocht.*
таобh. 1. *Bean ~ aniar a bhí inni 27.977. Ó ~ thiar de Ghaillimh é 27.56. As ~ thoir de Ghaillimh é 20. 2. Ina chadhadh aonraic ar thaobh botháin 20, leis féin sa mbothán. 3. An ~ seo, an saol seo (i gcodarsnacht le saol na síog is na dtaibhsí). Is mór a dhírt nach sionnai gon ~ seo a bhí ionntu 24 aireach. 4. (a) *Thit sé i d~ chul a chinn 20, thit sé siar. (b) Ag imeacht i ndiaidh a thaoibhe 20 - . . . agus a thaobh chun tosaigh. 5. Cogadh an dá thaobh 20, an cogadh cathartha (in Éirinn). 6. Cuirfidh mé an ~ dearg de do chraiceann amach le dtiúrfaidh mé de líúradh dhuit 19, tabharfaidh mé drochlíúradh dhuit.*
таобhachtáil a. br. Taobhú. *Ní raibh sé ag ~ na tine 20. Duine nach mbeadh ag ~ aon duine 20. Dhiún ~ a dhíonfas mé choíchin air 20.*
таобhaíаnn. *Níor thaobhaigh mé teach ná both ó mhaidín, . . . teach ná áras . . . , . . . teach ná cró . . . 19, níor tháinig mé ar ais chuig mo theach féin ó d'fhág mé ar maidin é.*
таобhán f. Clár ar fhad an dín. *Tá sé ag tabhairt na d~ isteach faoi seo 20, tá sé ina chodladh (ag srannadh) . . .*
таоіlle b. Taoide 19, 20. *Shílfeá gurb í an ~ atá ag tfocht ort 20, - le duine a d'imeodh uait faoi dheifr.**

таоіллí aid. Tiubh domhain téagartha (le beithíoch). *Tá sí [bó] breá ~ 20. M'anam go bhfuil sí deas ~ 20.*
таоіméар f. Taomán. *Caithea mé an ~ a leagann uaim, is réacha dhom a' buicéad níos mó 24. Ag oibriú an taoiméir gcatha an lae 24.*
таоісе b. 1. *Urla. Bhí dhá láimh leacaí air a' mballa aige agus é a' cuir a' taoisg amach 24. Leacach séideóg é bhí sé cho lacaí sin i ndé na dtaoisceanaí a chuir sé 'mach 24. Caihth sé ~ amach 19. 2. ~ gháirí 20, racht obann gáirí.*
таоісеáрачт a. br. Gáirí mhór 20.
таомаdh f. Báisteach. *Tá sé a' taoma mar bheach sé as béal soithí 24.*
таос f. An chuid den arán nach crústa. *Ith a' ~ anois agus ná bí dá thóirt rom mhadra 24. Cáca mór leathan ar bhíogán ~ 24.*
таосáаn f. Soitheach taosctha. *Ní tú hug a' ~ as a' mbád uaim? 24. Tá láimh a' taoscáin air boga 24.*
таоссаnn. 1. *Ní thaoscaidh sé go deo é 20, ní éireoidh leis é a dhéanamh go deo (fhaca a íoc, obair a chríochnú, bealach fada a shiúil, etc.). Bheadh sé chomh maith dhuit a ghoil ag taoscadh an chuain agus é ag tuile 19. 2. Ag taoscadh amach 20, ag urlacan.*
тапаіаnn. Baineann leas as chomh luath is atá an deis ann. *An aimsir bhreá a thapú 20. An trá a thapú 20. An cúnamh a thapú 20.*
тарам (1 iol. ord.). *Téanamh. Taram uait! 31. tarathar : srathair'.*
тарс f. 1. An banbh is lú den áil 19. 2. Duine beag 20. tar éis : féis(e), héis(e), léis(e).
тарра, -rálann - teara, -rálann.
тарраіngіаnn /ta:rn'i:n/. **1.** *Diúlann. D'fhan sí tanaí snoite ó thóig sí an chuain mar bhí siad dhá tarraingt i bhfad . . . 24 airdeall. 2. Rámhaíonn. Tharraing mé ó Bhárr a' Chala í [bád] go Crocán a' Choel, sin leath beala 24. 3. Táirníodh mór ansin é 19, méadaíodh ansin é [fótagraf]. 4. Soláthraíonn, baineann amach. Céad agus sé phunt a tharraing an toradh 20. 5. (a) *Táirní páirteasaí 20, tarraingt cátaí leis na páirtithe a shocrú. (b) . . . a' crann tarraingte l'aghaidh lá an chomórtais 24 aghaidh, an crann caite . . . 6. Ciceálann. Tá sí [capall] ag tarraingt 20, bíonn sí ag ciceáil. 7. Tá an aimsir ag tarraingt 20, tá báisteach air. Níl na laentaí seo ach ag tarraingt 20 . . . ag tarraingt chun báistí. 8. Ba dheocair dhuit do bhealach a tharraingt an uair sin 20, ba . . . fanacht glan ar achrann is ar dheacrachtaí . . . 9. ~ amach. (a) Ceapann, cuireann ar fáil. Deamhan go leor éirim a bhí sa bhfear a tharraing amach ar dtús é [geaisín] 24 geaisín. (b) Baineann amach, scaoileann leis féin. Thosa sí a' tarraingt amach sa gcaint is níor fhág sí sa [saith] a bhí dhá ghlúin déag amach woe a ra lorg ná meireach aríomh oru nach bhuaíl sí in a bhéal 24. 10. ~ ar, tosaíonn ag caint ar. Tharraing sé air bhradáin na dhiadh sin 24 bradán. 11. ~ chuig, téann chuig. Tá lea caiple na tíre a' tarraingt aige mar is an-ghou é 24. 12. ~ i, taithíonn. Deoun go léor daoine a' tarraingt anois ann réis a**

mbíodh fadó ann Dúntaí Beáitine 24. *Coinníonn sé tou deoch is tá go leor a' taraint ann dhá bhárr* 24. *Teach a mbíonn sé ag tarraingt ann* 20. 13. ~ *isteach*, tugann (briseadh) *isteach*. *Tarraingeó siad isteach i mbliana a' méid a cháil siad anurái leis an imeacht atá air an earra* 24. *Réis a' meáil a d'íoc sé air a' teach ósta is gédr go mbeidh sé tarraingtí isteach aríst aige . . .* 24. 14. ~ *le*. (a) *Druideann chun báis. Bhí an fear bocht a' taraint leis 24 sagart. Tá an duine bocht a' taraint leis, d'aireó glugar a' bháis aníos in a scornach* 24. *Tá an tseanbhean a' tarraingt (sic) leiche* 24. (b) *Siúlann le (ag cúirtéireacht). Tá sise ag tarraingt le Maidhc* 20. 15. ~ *roimh*. *Ag tarraingt roimhe atá sé* 20, ag druidim leis an mbás. 16. ~ *tríd an mbéal*, caintíonn ar (go tarcaisneach). *Níl cum' ar bith air a' cainnt, tá mín is garbh tarraingtí thrí na bhéul aige* 24, . . . *tá mín agus garbh ráite aige. Is maith an obair dhuiche . . . á tharraingt thrí na béul ar fad. Fág na mairibh ar a suimreas agus ná bí á dtarraingt thrí do bhéal* 24 *suimreas*. *Ffr. fiacail*.

tarraingt /tarin't/ b. 1. (a) *Níl aon ~ ann* 20, níl sé [asal] go maith ag tarraingt cáirr. (b) *Bóthar a mbéadh ~ ann* 20, bóthar fada a bheadh ag ardú. 2. (a) An méid airgid a chuireann gach duine ar an mbord le haghaidh chuiche cáirta. *Cé mhéad a chuirfeas sib ar an ~?* 20. *Pínn ar an ~* 20. (b) *Sa teach a raibh ~ na pinne ann* 20, . . . a raibh airgead ag teacht isteach ann. 3. ~ a *gcinn*, neart le n-íthe (ag beithigh). *Bhí an pháirc ar bainiu féar dhui a raibh ~ a gcinn aig beithí ann, bhí sé chomh dóite leis an áit nach raibh ach lightheán* [liochán] 27.1514.

tarraingte *aid. bhr. Caolaithe. . . an cead, é maith ramhar agus tarraingte as a dhá bharr* 27.193.

targair b. Tairngreacht. *Bhí sé sa ~* 19. ~ *Cholm Cille* 19.

targaireacht b. Tairngreacht 20.

tarr : Muimhneach.

tarrthálach *aid. Spárálach* 20.

tart f. 1. ~ *an tobair chugad* 19, nár stopa tú go n-ólfaidh tú an tobair ~ eascaine le duine nó beithíoch a bheadh ag ól an iomarca. 2. *'Teighri chodladh ó'n ~' a deirim 'níl agut ach scéul cumta . . .'* 24 *naomh*, imigh leat, ní chreidim thú! *Teighre a chodladh ó'n ~!* 24 gar, éirigh as - le duine nach mbeadh in ann do cheist a fhreagairt. *Téire a chodladh ón ~* 20 - le gasúr a bheadh do do chrá ag iartras. *Ó buailtear fear san unáil toech sé chodhla ó'n ~* 24 *anáil*, . . . tá sé réidh, éiríodh sé as. *Bhí sé chomh maith dhom ghoil a chodladh ón ~* 20, ní raibh aon mhaith dom a bheith ag iarraidh rud a chur i gcerích. 3. ~ *bleitheacháin* 19, tart bruihleacháin.

tathaíonn. 1. *Iad a thathú le chéile* 20, iad a chur i dtaithe a chéile. *Iad* [beithigh] *a thathú leis an gcriathrach* 20. 2. (Leis an réamh. *í*). *Ag tathú san áit chéanna i gcónaí* 20, ag gnáthú na háite céanna i gcónaí.

táthaire f. Súdairé ag bainis 20.

tathantaíonn : túineann.

te *aid*. 1. Spadharúil, teasaí. *Bhí siad sách ~ le chéile* 20. *Tá sí cho ~ leis a' teine bhruítí* 24. *Bhí cuid acu [de na sagairt] chomh ~ leis an tine bhruítí* 27.266. 2. *Tá intinn ~ aici* [ag capall] 20, tá sí beo fuinníúil. 3. Go maith as, compordach. . . . *bhí iadsan ~ tirm i gcónaí* 27.326.

té' 1. An ~ *úd eile*. (a) Duine éigin eile. *Ag inseacht chuile mhíle nidh a bhain leis a' ~ úd eile* 24 *insíonn*. *Go mb'fhéidir gurb é mac a' ~ úd eile a bhí seacht nglúin woe a bhaineadh 'cider' fós as a chuid* 24 *mac*. (b) Duine áirithe (nach luafai a ainm). *Thóg siad isteach ansin mac a' ~ úd eile* 27.565. 2. (Gan an t-alt). *Is breá é do scéal, ~ thuigfeadh é* 20. *Níl sé chomh dona le ~ a bhfuil cúram mór air* 20. ~ a bheadh ag imeacht san oíche thastódh solas uaidh 20.

té' for. agus *aid. cheist*. Cé. *Bhreathnóinn ~ bheadh ann* 20. *Té'n chaoi a gcuirfidh muid 'un báis é?* 20.

té' dobh. ceist. Cé. ~ *ndeacha sé?* 20.

tea. ~ *nach?*, cad chuige nach? *Teannach bhuaíl tú steach ar a' bpús é!* 24A. *Teannach dtigeann tú mé?* 24 *cimlíonn*.

teach f. 1. ~ *na muintire*, leithreas. *'Ístí i d~ na muintire bhí me' deir a' fear 'nuair a fua an fear é héin hart?'* (Sin é an t-ainm a hugach na sean ndaoine air, ach sé an Béurla is mó tá dhá rá 'nois) 24. 2. Cró. ~ *na gcearc* 20. *Tithe muc* 20. 3. *Lacha (etc.) tí, lacha chlóis. Is le lacha tí a cha sén t-urchar, shíl sé gur ceann fáin a bhí inntí* 24 *urchar*. 4. *Bhí lán ~ an phobail acub ann* 20, bhí slua mór acu ann. *Líonfadh sé ~ an phobail a raibh de dhaoine ann* 20. 5. ~ *an tsagairt*, teach 'na stáisiún'; na stáisiúin. *Ar maidin a bhíodh ~ a' tsagairt ariamh go dtí mbliana* 24 *altóir*. *Hainic lá ~ a tsagairt air a' mbaile shuas* 27.339. 6. *Ach is fada ón ~ mór a' sgioból - le rá gur bé Bob Lather a bhí a cainnt liom is ní sagart 24 neartaíonn, ní hionann ar chor ar bith an dá chineál . . .* 7. *Tá poll ar an ~* 20, tá duine sa láthair nach ceart a bheith ag caint mar sin ina éisteacht. 8. *Seán an tí seo* 19, *Seán s'againne*. 9. *Tigh (gan réamh.)* 20, 19, i dteach. (a) /t'i:/ *Tigh Sheáin a bhí mé* 20. *An raibh ceol tigh Pháidín aréir?* 20. (Gan séimhiú ar tigh) *An ~ is goire do tigh Sheáin* 20. (b) /d'i:/ 24. (Ní théann réamh. i bhfeidhm air). *Nuair a shroigh muid dtí Mhicil Tríona, is garr ó dtí Anraí é* 27.629. *Bhí lán a' tí dtí mhuintir Val freisin* 24 *farraige*. *Amach air aghaidh dtí Shéimín Úna Mhór . . .* 27.567. ~ *na Mullán a bhí istí air chúl dtí Úna Mhór* 27.561. 10. I dtigh /d'i:/ (a) *Dul i dtigh chlampaí, dul sa tubaiste. . . gur dhúirt mé leis a ghoil dí chlampaí . . .* 24 *bacann*. *An té nach bhfuil, toech sé dtí chlampaí 24 sochairde*. (b) *I dtigh deabhail, i dtigh chlampaí*. (i) *Chun donais. Tá sé goite dtigh deabhail le droch-gimsir* 19. *Bhí cuid acu dí diabhaíl le donacht 24 dállann. Bhí an lá díth chlampaí le fuacht agus gála aduadh* 27.980. . . . *chathadh sé [an lá] bhe dtí chlampaí air fad* 27.815. (ii) (Roimh *aid*.) *Go han-dona. Bheadh sí dtí deabhail dona nó bhaineadh sé ceart*

dhuiche [capall] 27.1014. *Bhí sé díth deabhail dona, fear os [as] a gceann shoir don pharáiste a bhe ag ithe talamh na coile* 27.450. . . . agus atá daoine ann atá an-bhocht ach atá daoine ann atá dí diabhail bocht 27.545. 11. *Sa dtigh deámhair, 'sa tubaiste'. Is cuma sa dí deámhair cén chaoi a bhfuil sé g'imeacht, ach ní éun é* 27.1324.

teacht *f.* *Bhí sé ~ isteach an lae nuair a chuaigh muid a chodladh* 20, bhí breacadh an lae ann . . . *Ffr. tíocht.*

téachtach *aid.* Téachta. (Sa líne d'amhrán) *Tá an Mhuir Théachtach ar fad gan braon* 19.

teachtaire *f.* *Chuir mé ~ ina dhiaidh* 20, chaith mé cloch leis.

teachtairacht *b.* 1. . . . a ghoil i d~ 20, . . . ar theachtairacht. 2. Rud a cuireadh le teachtaire. *Tá ~ a'm duit* 20, tá beartán agam a hiarradh orm a thabhairt duit. *Ar chuir tú fios ar aon ~?* 20.

téadán *f.* Lion damhán alla. *Is deas iad na téadáin dubhánala nuair a d'fheicéad air na toim air maidin iad agus drúcht nó an siúc liagh [liath] orú* 24. *Is mór a' truai bhe a' brise an téadáin air réis a job a bhí aige dhá dhóna* 24.

téagar *f.* 1. *Díonfaidh sé ~ as sin* 19, déanfaidh sé saibhreas . . . 2. . . . *phúir ar bith is lú ~ ná í* 20, . . . is lú tathag ná í.

teagmháil: **teangmháil.**

teagmhajonn: **taंगाfonn.**

téagrach *aid.* *Tá an múr sin ~ 19, . . . trom.*

teaic /'tak'/. Post. *Cén ~ atá a'dsa?* 32. *Níl aon ~ 'government' le fáil* 19.

teáine /'ta:n'ə/. 'Tawney'. *Chomh buí le ~ 20, an-bhuí.*

teairle *ciú* /,tʃar'l'ə'k'u:/. Dada. *Deabhal a' ~ bhí aige de bharr a shaoil* 24A.

tealán. *Sop an téaláin* 20, goose-grass, *Galium aparine.* (– an tséaláin?).

teallach *f.* 1. *Tine teallaigh* 19, tine 'oscailte' ar an teallach. *Cáca teallaigh* 19, cáca a dhéantaí ar leac tine ar an bporthach. 2. *Bróga teallaigh* 19, slipéir. *An teanga teallai* 27.10, teanga an bhaile. 3. *Comhrá cois teallaigh* 20, caint gan bhunús, comhrá cailleach. 4. (Leis an réamh. *i*). *Shín sé sa ~ 19. Luighfidh mé sa ~ 19. 5. Is measa dhúinn é [buachaill óg] ná dá mbeadh lán tí faoin ~ a'inn* 19.

teáltú *a. br.* (Leis an aimsir). *Tá an aimsir ag brath ar ~ as* 20, . . . ag brath ar éirí as an mbáisteach agus dul i bhfeabhas. *Tá sé ag ~ as* 20, ag éirí as an mbáisteach. *Tá ~ ar na ciotannaí* 20, tá deireadh ag teacht leo . . .

team bóraín /,tʃam bo:'ri:n'/. *Tá sé ina ~ ag imeacht* 20, tá sé ag imeacht thart go haerach.

téamh *f.* 1. Bualadh. *Bhí sé quint ~ a thóirt dhó dhá gcasal leis é* 24 gointe. *Har éis a' ~ a fuair sé, bu é an coilleach céana é* 24. 2. *Ag ~, ag éirí imníoch. . . . bheach siad a' ~ nó go mbéaraí an páiste . . . 24 giorria.*

teanam. Téanam, téimis. ~ *uait* 19. ~ *a chodladh* 19.

teanga. 1. (a) *Is frusta dhuit do theanga a bhualadh*

faoi do charbad 20, is furasta duit labhairt ag lochtú an ruda. *Is iomai duine le fada an lá anuas a bhuail a theanga faoi na charbad agus a dúirt cén cháll a bhí acu an mhuic nó 'n bó a bhe isti sa teach acu . . . 27.137. (b) Bíodh greim ar do theanga agat* 20, bíodh smacht ar do chuid cainte agat. *Ní raibh greim ar bith ar a theanga aige* 20, bhí sé béal-scaoilte. (c) *Dá mbeadh do theanga faoi m'fhiaicail bhainfinn greim as* 19, dá mbeadh an deis agam, stopfainn thú ón gcaint. 2. *Tá mo theanga bheag amui le tar* 24 *tar*. 3. *Bualadh teangan* 20, tinneas áirithe ar bheithigh. 4. ~ *chuit.* (a) *Luibh áirithe* 20, 19. (b) *Pátrún in éadach fite (?)* 19. 5. ~ *chaorach* 24, luibh áirithe.

teangmháil *b.* 1. Coimhlint, spairn. *Ní fhaca tú aon teangbháil ariabh mar hug an dá bhád dhá chéile air a' rása sin* 24. *Bionn caint go leór air a' teangbháil bhíonnas air bháire math* 24. 2. Bualadh. *G'fhear beag sé hug a' ~ gon fhear mór* 24. *Leis a' ~ a hug sé dó le na theanga is géarr go chuir sé an duh air a' mbán aige . . . 24 cluais.*

teangmháilte. 1. An-chothrom sa gcoimhlint. *Is breá an rud a' breanú air rása math teangbháilte go aon soes rása* 24. 2. Láidir. (a) (Go corpartha). *Tá sé an ~ 20. Fear ~ 20.* (b) (Le saibhreas). *Fear ~ é faoi airgead* 20. *Fear ~ anois é faoi bheatha* 20.

teann' *aid.* 1. Muinéach as féin. . . . agus muid chomh ~ le dromadóir go bharr a raibh g'airgead aguinn 27.95. 2. *Tá sé [an lá] ~ teirim* 20, tá sé crua gaofar tirim.

teann' *f.* *Le ~ corp bearráin* 20, le neart bearráin.

teannadh *f.* 1. ~ *a chur le rud, fuinneamh, luas a chur faoi. D'fhéadfaí an méid sin ~ a chur leis an bhfocal* 20. *Cuireadh siar le ~ é* 20, . . . faoi dheifr. *Bhí sé ag cur ~ leis an scéal* 20, . . . ag cur dlús leis an scéal. 2. *Bhí ~ ar a cúl aici* 32, bhí cúl-taca airgid aici. 3. Doichte. *An ~ bhí air a snuim bu deacair é scaoile* 24.

teannann. Druideann. *Ag teannadh amach san aois* 19, ag éirí sean. *Tá sí teannta amach go maith sa saol* 19, éirí aosta go maith. *Nuair a teannadh amach san oíche . . . 20.*

teannta. 1. *Coinnigh ina ~ anois* 20, lean ort ag cur tuilleadh léi [leis an tine]. 2. . . . *i d~ an mhí-ádh d'éirigh sé na sheasamh* 28.537, mar bharr ar an mí-ádh . . .

téann /'t'ain/. 1. Maireann. (a) *Is gearr le ghoil na coinnle beaga sin* 20. *Is gearr le ghoil ceaintín bainne* 20. (b) *Tomás a bhí pósta agus fua sé ionanns a céad* 27.345. 2. (Le ha. br.). (a) *Bhí leisce orm ghoil ag fiafrú dhí* 20, . . . tabhairt faoi fiafrú . . . tosú ag fiafrú. (b) (Ainmní neamhphearsanta ag an mbr.; brí na haimsire ginearálta). *An róipín is caoile ar bith atá ag goil ag feilhínt* 20, feileann an róipín . . . *Tá an ghaoth ó dheas ag goil ag déanamh maith don fhéar gan báisteach ar bith* 20, déanamh an ghaoth . . . (c) [Le gníomh ar tugadh faoi agus a rinneadh]. *Ó chuaigh sé dhá cheannaicht, ba chóir dó é a íoc* 20, ó cheannaigh sé é . . . (d) (Le a. br. a bhfuil ciall chéasta leis). *Tá sé ag goil á thóigeáil aríst* 20, táthar chun é a thógáil

aríst. 4. Tagann. *Tá mótar ag goil aniar* 20. 5. *Cá'il tú ag goil anois?* 20, cén fáth a dtáinig tú anseo, céard tá uait? *D'fhiafraigh inín an ghobáin dhíob cá rabhdar ag goil* 19. 6. *Ba mhaith liomsa ghoil taobh isteach díotsa* 20, ba mhaith liom an bun-táiste, an brabach a bheadh ag dul duit a bhaint díot. 7. Gabhann (de thoradh meascán idir gabhann agus téann i gcúrsaí gluaiseachta). *Fua sé buíochas fada linn* 27.244. *Chua an fear buíochas fada* 24 lúch. *Fua sé truaí leofa* 24 caitheann. 8. Cuirtear. *Tá caoi bhred ag goil ar an abhainn* 20. *Ní raibh bróg ar bith ag goil ar an mbean* 19, ní chaitheadh na mná bróg ar bith. *Chuaigh ola uirthi* 20. *Caithfídh bealach a ghoil inti* 20. *'Tin' théadh sa bputa* 20, as stáin a dhéantaí an pota. *Chuaigh faitíos orm* 20. *Chuaigh comhairle cupla uair orm gan . . .* 20. *Chuaigh suntas uirthi* 20. . . . *an ceisniú crua a bhí goil air a' bhfear bocht . . .* 24 ábhar. *Dhá mbeadh éagóir ag goil ar dhuine . . .* 20. *Chuaigh sé ghreim ann* 20. *Chuaigh an darna pósadh uirthi* 20. *Ní raibh sé ag goil ar aon leabhar* 20. *M'anam nach ndeacha aon Ghaeilge air, mara ndeacha Gaeilge nua* 20. *Sé chaoi ndeacha a mbéil sa ngarraí acub* 20. *Fua deire leo féin chomh maith* 27.893. *Ní faoi bhí na guimhe fua an tournae . . .* 24 ceistneoireacht. 9. ~ *amach*. (a) Críochnaíonn i gcúrsaí coimhlínte, tagann chun toraidh (comórtais). *Níl a fhios fós cén chaoi a ndeacha an troid amach* 20. *An ndeacha sé [crannchur] amach fós?* 20, an raibh toradh fós air? *Cé chuaigh amach?* 20, cé bhuaigh an cluiche (cártaí)? *Tá an bun ag goil amach* 20, tá an bun (sa gcluiche cártaí) ar tí a bheith caite. (b) *Bhí an saol ag goil amach* 19, bhí an saol á chaitheamh. (c) *Cáide go dtéighe sí [pléisc] amach?* 20, cá fhad go bpléascfar í. 10. ~ *ar*. (a) . . . *nuair a fua sé air shioc* 27.91, nuair a thosaigh sé ag sioc. (b) *Bhí an saol ag goil chomh crua air is go mb'éigean dó an tseanbhó a thiomáil . . .* 20. (c) *Is gearr le ghoil iad ar an gcuid eile den pharáiste* 20, is beag iad (lucht aon bhaile) i gcomórtas le lucht an pharáiste ar fad. 11. ~ *chun*. *Tá sé ag goil un sé bliana ó chonaic mé é* 20, tá sé ag tarraingt ar . . . 12. ~ *do*, pléann leis. *Bhí mé ag goil dó go . . .* 20, bhí mé ag plé leis, ag caint is ag áiteamh air. 13. ~ *faoi*. (a) Téann ar, imríonn ar. . . . *go ndeacha sé faof 24 pota*. *Bhí sé i riocht a ghoil faoi* 20, . . . é a mhealladh. (b) Saghdann. *M'anam go ndeachú faoi* 20, . . . gur cuireadh suas leis é. *Ag goil faoi dhaoine* 20, ag saghdadh daoine (chun achraínn). *Fan go dtioctaidh mise faoi* 20. (c) Tugann faoi, déanann iarracht ar. *Shíl mé ghoil faoi ríst agus baint as dtaobh a' bhaine gabhar . . .* 24 ádhúil. 13. ~ *i*. (a) *Ní raibh duine ar bith sásta a ghoil sa nmáth* 20. (b) *Ag goil san eaispícl* 20. *Ní dheacha sí sa ngarraí* 20. (c) *Ag iarraidh a ghoil san airgead dhá bhféadfadh sé* 20. (d) *Tá sé ag goil ina dhochtúir* 20, tá sé á oiliúint chun a bheith ina dhochtúir. (e) Ceannaíonn, déanann ineistíocht i. *B'fhéidir go gcáilí bó nó capall ar fhear bocht nach ra in an a ghoil a geeachtar acu sin ar ais* 24. 15. ~ *ó*. (a) *Níl tada ag goil uaidh* 20, tá sé in ann gach

rud a fháil amach, a thuiscint, a dhéanamh. *Tá corrfhocal ag goil uait fós* 20, tá corrfhocal nach bhfuil agat fós. (b) *Chuaigh sí ó shearrach* 20, d'éirigh sí (capall) seas. 16. ~ *roimh*. *Ní ag goil romhat é* 20, focal leathscéalach le rá roimh chur isteach ar chomhrá duine. 17. ~ *thar*. (a) *Chuala mé a goil harm go bhfuil a' mac i gColláiste agut* 24 coldáste, chuala mé de luaidreán é . . . (b) *Bheadh sé ag goil thar a chéile* 20, bheadh sé ag truisliú. 18. ~ *thart*. *Bhí an chúis ag goil thart i gcónaí* 20, . . . á plé . . ., ag dul ar aghaidh . . . *An Domhnach chuaigh thart* 20, . . . seo caite. 19. ~ *trí*. (a) Goilleann ar. *Bhí sé ag goil thríom nuair a chonaic mé é á bhualadh* 20. (c) *Is mé ag goil thrí m'intinn* 19, agus mé ag machnamh. *Tá sé ag goil thrí m'intinn ach tá sé ag cinnt orm cuimhniú air* 20, tá sé i gcúl mo chinn ach . . . *'Na fir mhaitha as Mionloch a bhí fadó agum atá a goil thrí mo cheann' a deireadh sé* 27.565. . . . *bhí teach air a tuath a' goil thrí na cheann i gcónaí* 27.613.

teannach : ceannach.

teanntás *f*. 1. *Fear teanntáis* 19, fear dlúth-aitheantais. 2. *Chuir sé ~ cainte orm* 19, thosaigh sé ag caint liom ar nós duine a mbeadh aithne mhaith aige orm. *Bhrú Anraí ~ orainn go léim* 24 Bóthar Shiubháine, chuir sé comhrá orainn . . .

teanntóir *f*. Maide le garmain an fhíodóra a chasadh is na snáitheanna a theannadh 20.

teara *f*. Tarra 20.

tearálann. Tarrálann 20.

tearacáin, tearúcan *f*. Fáisceadh faoi (in úim an chapail) 20.

téarma *f*. *M'anam go bhfuil ~ air* 19, . . . go mbeidh sé achar sula mbeidh sé [obair] críochnaithe.

tearróg *b*. Canna, 'jar'. ~ *na hola lampa* 20. ~ *chré* 20.

tearsach *b*. Tairseach. . . . *i mo sheasamh ar an ~* 20. *Chuir siad ~ nua isteach* 20.

teas *f*. 1. *Ní ~ tine ar fhuacht 'uit a thíocht anseo* 19, ní mórán de thine atá thíos romhat . . . *Ní ~ ó fhuacht anois í* 20, níl sé (tine) sách te le duine fuar a théamh. *Téirigh i d~ an éadaigh* 20, téirigh a chodladh (le duine tinn). 2. *I d~ na bolgáí*, go breá te, spleodrach. *Bhí muid i dteas na bolgáí ceart . . . a mboilg rite líonta . . .* 27.82. *Cé go raibh na rudaí a bhí sé a' rá go mo bhaint, ní labhair mé go deo go raibh mé i d~ na bolgáí* 27.1440. *Ní raibh aon mhaith duit aig iarra air ceathrú a árdú suas nó go waitheá i d~ na bolgáí* é 27.1440. 3. *Dhíun an ~ a bhéarfás ar an bhfuacht aige* 31, ní bheadh aon rath air ná compord aige. . . . *scramáire leisiciúil nach rabh an ~ a' breith air a' bhfuacht ariamh aige* 24 feoil, nach raibh sé riamh te compordach, a bhí riamh bocht. *Bhí Labhrás a' tógeáil muirín mhór agus . . . ní ra an ~ a' breith air a' bhfuacht aige* 24 cuireann. *Meas tú an óla muid woe é agus gon a' ~ a' breith air a' bhfuacht aige héin* 24 ólann. 4. *As ~, láithreach gan stad*. *Nach bhfuil sé cho maith ghoil ag obair as ~ le dhá chuir ó lá go lá?* 24 oibríonn. 5. *Bhí mé*

á bhualadh a fhad's fuair mé ~ ina chraiceann 19, . . . gur mharaigh mé é.

teasaíocht *b.* ~ *intinne* 20, taghd feirge. *As teasaíocht inntinne shin sén ticéad aige* 27.824.

teaspach *f.* *Bhí sé ag caitheamh teaspach ansin* 20, bhí ceo teasa ansin. *Ffr. teasúch.*

teastáil 24, **tastáil** 19, 20, **1.** Gá, easpa. *Nuair a bhíoch cruóg nó ~ air cheachtar acu . . . 24 naomh. Ní ourdóch siad go ra aon lá ~ aríomh oru 24 gorta. Is iomai rud a chaitheann a ~ a dhíona 24 dreancaid.* **2.** Gnó. *Fua mé siar go bhfeicinn cén ~ a bhí acu liom 24 bláthach. Agus d'inis siad cén ~ a bhí acu leis 24 ola. . . am ar bith eile a mbeadh aon ~ áirithe léithe* 27.142.

teastaíonn? 24, **tastaíonn** 19, 20. **1.** *Tá sé ag iarraidh a ghoil in díteacháil nach dtaastaíonn uaidh a ghoil* 19, . . . nach bhfuil gnó aige iontu. **2.** *Thastaigh uaidh mála a bheith air* 20, ba ghá dó (don charnán) mála . . . **3.** *Ní raibh focal ar bith ag tastáil uaidh* 20, ní raibh focal ar bith in easnamh air, ní raibh bearna ar bith ina chaint. **4.** *Is mór a thastaigh pósadh uaidh* 20, ní raibh gnó ar bith aige pósadh (go searbhásach).

teastaíonn? 24. Dearbhaíonn. *Mhionnaigh sé agus theastaigh sé nach ndearna sé riamh é* 20.

teasúch *f.* Teaspach aimsire 31. *Bhí a ndriobail sa n-aer ag na beithí inniu go bhárr a' ~ 24. Tá tú isti le seal fada go theasúch 24 gealann.*

teasúlacht *b.* Teasaíocht. *Le teann ~ intinne* 20.

teibhléars /te:vl'e:rs/. 'Tea-leaves' 20.

teideog *b.* Duine beag ramhar. *Is é an ~ de pháiste é* 19. *Teideoigin fir* 19.

teidhm /təim'/ *f.* 'Time', spraoi. *Bhí ~ breá ann* 20.

teidhmíúil /təim'u:l'/ *aid.* Spraiúil 20.

teil(e). *An teile tosaigh, . . . deiridh* 19, léibheann beag i dtosach, i ndeireadh, báid. . . *an tseil tosaí agus a' tseil dheireadh le seasamh orthu chuill am a rachfá isteach a' srón nó a ndeire an bháid. Bíonn chaon [cheann] acu beagán crochta har na cláir atá leagtha air urlár a' bháid 24 báid.*

teiléif /te:l'e:f'/ 19. Tea-leaf. *iol. /t'e:l'e:s/ 19, 20. /t'e:l' v'e:s/ 20. Ffr. teibhléars.*

teiléarach /t'el-/ 19, /t-/ 20. *Is mise a d'foc an ~ 20, is mise a d'foc as an dochar a rinneadh. . . thíos leis an ~ 19. . . go bé a bhuaichail agus a chár héin bhí shíos leis a' ~, . . . a chaill de thoradh na (droch-)oibre 24 bainneann.*

teilp /təlp'/ *f.* Seilf. *Is deas an ~ é* 20. *Teilpeannaí* 20.

teir : **toil, seir.**

teirim. **1.** *Chomh ~ le buidéal dubh* 20. . . *le bar-rach* 20. **(a)** *As an bhfarrage. Cén uair a bheas sí [eangach] ~ ? 20, cén uair a bheas an taoille tráite uaithi. Thóg muid timpeall scór ansin agus iad ~ 20, . . . scór (iasc) a bhí i locháin ar an gcladach. An raibh sé ~ ? 20 - le áit a rabhtas ag baint feamainne. (Bheadh sé 'tirim' dá bhféadfá siúl ann is gan an sáile a bheith as cionn béal na bróige).* **(b)** *Tá an t-iascaire tirm a' tíocht 24, tá an t-iascaire ag teacht gan dada maraithe aige.* **3. (a)** *Aimrid. Bhí sí [bean] ~ 20. (b)* *Seasc. 'Bodóg thirm' air a*

gceann nach raibh aon laoi aici, agus 'bó thirm' air a' mbó ó stopann sí a' bledán nó go mbeidh lao rist aici 24 bodóg. **4.** *Bhí sé bascadh [basctha] oireasa a dhíol talamh tirm (creafóige) a bhe aige* 27.1196, . . . uireasa talamh ithreach. **5.** *Saibhir, compordach. (a)* *Fear ~ é sin* 19, fear airgid é. *Teach ~ é* 19, teach a bhfuil saibhreas ann. **(b)** *Tá sé sa gcuid is trioma dhá dhúiche* 19, . . . tá sé sa leaba. /t'er'im'/ 24A (cé gur 'tirm' a scríobh sé).

teís *b.* Racht, babhta fuinniúil. *Bhí ~ chainte air* 20. *Chuir sé ~ ghaise air fhéin* 20. *Bhí ~ na mbréag air* 20. ~ *achrainn* 20.

teísmínteacht *a. br.* Réiteach le himeacht, téiscim 20.

teithiúint /t'e:u:nt'/ *a. br.* Teitheadh. *Ar a theithiúint fhéin* 32.

teoide. *Ní raibh bruith ná ~ air* 20, ní raibh sé sách bruite.

teolaí : **treolaí.**

teorainn : **tórainn.**

thairis *for. réamh.* **1.** *Ní mórán is fiú é ~ sin* 20, . . . de bhreis air sin, ar aon bhealach eile. **2.** *Tá sé mór ~ 20, . . . i gcomórtas leis, tá sé níos mó ná é.* **3.** *Ní raibh ~ sin d'fhonn orm* 20. *Níor chuir mé ~ sin de shuim ann* 20.

thaisceanta. *Dhíún ~ blas a bhí ann* 20, dheamhan thiomanta . . .

thál(s) cón. Ó tharla. *Ní ghabhfaidh mé isteach thál thú ag ithe* 20. *Tháls go dtáinig sé á iarraidh anois ná eitigh é* 20.

thálta cón. (Ó) ~, ó tharla, toisc. *Ó ~ go dtáinig sé anois féadfadh sé fanacht* 20. *Is cuma leis anois ~ é fhéin ag goil abhaile* 20.

thar réamh. **1.** *Bhí daoine tharainn ann* 20, bhí daoine seachas sinne ann. *Tá daoine tharainn dá marú* 20. **2.** *Tá sé leathan thar an mangach* 20, . . . níor leithne ná an mangach. *Tá sé crochta ~ an áit seo* 20. **3.** *Duine ~ tír isteach* 20, isteach ó thír thar lear. . . *na tonánta a rabh an máistir 'na chónaí har baile amach 24 péiste, . . . taobh amuigh den bhaile.* **4.** *Iad [bainbh] a ligeann amach ~ a bolg* 20, iad a chaitheamh. *Cuireadh uan ~ a bolg* 20.

tharas. **1.** (Cón.) In ionad. *B'fherr dhuit rud eicint a dhéanamh ~ a bheith ag foirneáil thart ansin* 20. *Dhá dtiocfá isteach in am ~ tú féin a bhá amuigh sa ngarraí* 20. **2.** (Réamh.) De rogha ar. *Ceann eicint eile ~ an ceann sin* 20. *Tharas laentaí an domhain bhí sé ag iarraidh bheith ag díonamh réiteach* 20. **3.** *Ní fhaca mé ~ de chaoi riamh ort* 20, . . . a mhalairt de chaoi.

tharla : **thál(s), thálta.**

thart dobh. **1.** Ar dhroch-chaoi. *Tá na fataí ~ gan a bheith glanta* 20. *Tá muid ~ do t'oireasa* 20. *Bhí siad hart ansin nuair nach rabhas acu ní ba luaithe go raibh an báid ar na clocha 27.850.* **2.** . . . *ag iarra í thóirt hart 24 dáir, ag iarraidh dáir a chur uirthi [bó]. Réis go ra sí dorai le rátha, hainic sí hart aríst 24 doireann.* **3.** ~ *síos. Tá sé ~ síos* 20, . . . i dteach na nGealt i nBéal Átha na Sluaighe. *Cuireadh ~ síos é* 20.

thiar dobh. **1.** *Tá mo bholg shiar air mo dhruim leis*

an ocras 24 ocras, tá an-ocras orm. 2. *Chloisfí* ~ *aduaidh é* 20, *chloisfí* i bhfad ó láthair é. 3. ~ *amach*, ~ *amuigh* 20, thiar i bhfad.

thoir dobh. 1. Sa chuid den teach is faide ón tine. ~ *ag gob an dóiris* 20. 2. *Gealla sé shoir agus shiar dhó*, *ghrá thocht i néinsheacht leis a bainnt na móna* 24 *geallann*, *geallfaidh sé rud ar bith* . . . 3. *Níl a leithéide* ~ *ná thiar* 20, . . . in áit ar bith.

thuas. *dobh.* 1. *Réis an ola a bhe shuas aige* 24 *ola*, . . . *ola dhéanach a bheith 'curtha suas' aige*. *Bhfuil an sprae ~ a'd?* 20, . . . *curtha ar na prátaí agat?* 2. *Tá lán a phluic* ~ *aige* 24, *tá lán a phluic de thobac á chogaint aige*. 3. *Tá an cíonán ~ fós* 20, . . . *gan imirt fós*.

thús dobh. *Abhus.* 1. *Ní dheacha sé ~ ná tháll orrainn* 24, *níor riar sé muid ar aon bhealach*. *An buicéad beatha atá na muca a fháil, níl sé goil ~ ná tháll orthu* 24. 2. *Ní túisge ~ ná tháll é* 24.

tí. Ní (le breischéim). *Tí ba mhó* 20.

tiarach b. *Deargadh tiarat ort!* 19 – eascaine.

tiaráil a. br. *Bhí siad ag ~ a chéile* 20, . . . *ag bualadh is ag tarraingt a chéile*. *Ag ~ a chéile is ag tuairteáil a chéile ar fud an tí* 20.

tiaránach f. *Tioránach* 19, 20.

tibheacht b. *Tiús* 24.

tibheas f. *Tiús* 24. *Bíonn ~ breá a gcuide go na héadaí* 24.

tícéad : *taicéad*.

tideog b. *Duine beag ramhar* 19. *Ffr. teideog*.

tigeann¹. *Tuigeann* 24, 20, 19.

tigeann². *Tagann* 20. 1. *Go dtíge, go dtí. Ón gcnámh go dtíge an smior agus ón smior go dtíge an smúsach* 19. *Gabhfaidh mé go dtíge an fear* 19. . . . *nó go dtáinig sé go dtíge an píosa* 19. 2. (Le ís). *Is tig leat* 19, *féadfaidh tú*.

tilleadh. *Tuilleadh* 19, 20. *B'fhéarr leis dhá mbeadh sé ~ sean* 20. *Nuair a bhe sé ~ mór* 24 *nead*.

tilleamaí. *Tuilleamaí* 20.

tilleamaíocht b. *Tuilleamaí. Níl aon ~ a'm le aon nduine* 19.

tilleann¹. *Tuilleann* 20.

tilleann². *Toilleann* 20. *a. br. Tilliúint* 20. *Bhí sé lán chomh fada (in Éirinn) is a thill ceann ann* 20, *bhí sé lán ar fad. Chomh líonta is a thill braon ann* 20.

timpéara /timp'e:rə/ *f.* 1. *Duine bhíonn ag imeacht ar thóir spraoi* 20. 2. *Duine a mbíonn a cheann faoi aige ag imeacht* 20. 3. *Curach bheag iséal as a gob* 20. 4. *Duine a bhíonn ag fidleáil le hobair* 20.

timpéarach /timp'e:rəxt/ *a. br.* *Á iompar féin mar a bheadh timpéara (q.v.)* 20. *Ag ~ leis* 20. *D'airigh mé ag ~ ansin amuigh é* 20.

tíntéisean /tínt'e:je:n/ *f.* *Timpiste. D'éirigh ~ dhó* 20.

tincéara(f) f. 1. *Duine suarach achranach* 20. 2. *Bhriseach sé croi tincéaraí a' fódú an cineál sin talúna go háirite an aimsir triomaí* 24 *saothraíonn*.

tine b. 1. *Bhí sé ag obair ar nós a mbeadh ~ ar a chraiceann* 20, . . . *go han-dícheallach deifreach. Ní thóigfeadh sé an ~ de do chois* 20, *ní chuideodh sé leat dá mbeifeá i gcruachás. Bhí mé mar bheinn idir dhá thine ag iarraidh . . .* 20, *bhí mé sáinnithe*

ceart agus mé ag iarraidh . . . 2. *Ag baint ~ ghioldáin as na clocha* 20, (capall) *ag baint splan-canna as an mbóthar. Bhí sí [capall] sna tínte* 20, . . . *ag rith an-tapa*. 3. *Ina thine bhruite. (a) Ina achrann teasaí. Bhí sé 'na thine bhruite róm nuair a bhuaíl mé isteach ann* 24. *Hainic sé 'na thine bhruite eidir a bheirt i ngedl air fhocailín fánach . . .* 24 *tine. (b) Bhí an teach ina thine bhruite* 20, *bhí féasta beatha is óil ann*. 4. *Bhain sé tine gheal as mo shúil leis a' gclouta a hug sé air a' leicean dhom* 24 *geal, . . . chonaic mé réaltóga geala . . . Bhain sé ~ chreasa as mo shúil leis a' legide a hug sé air a' leiceann dom* 24. 5. *Bhí duine ag goil thart ag fuagairt sna tínte dearga* 20, . . . *in ard a chinn*. 6. *Tintreach. Bhfaca tú an ~ a cha sé, bu mhór í* 24. *Hainic a' ~ agus níor fhág sé beithíoch ceithre cos ann gan marbh* 24. *Bhí sé a' toirmeach bodhar agus é a' cathadh cor thine . . .* 27.344. *Tinte toirní* 19.

tinn aid. 1. *Chomh ~ le nioscóid* 20. 2. *Tá sé ~ go ngabhfaidh sé go hArainn* 20, *tá sé an-mhífhoidheach . . .*

tinneas f. 1. *Mo chuid tinnis* 20, *m'fhuil mhíosta*. 2. ~ *cloinne ar aonach ort!* 20 – eascaine.

tinniúr f. *Tionúr (q.v.)* 19. *Níor tháinig ~ ar a súil* 19.

tintí aid. *Dhá mbeadh sé ina stoirm thintí . . .* 20, . . . *ina stoirm an-gharbh*.

tintreach b. 1. ~ *na ladhar*, 'forked lightning'. *Sí ~ na ladhar is measa agus is mó a bhfuil contúirt 'na diadh* 24. 2. (a. br.) *Tá sé ag ~* 19.

tiobhaíos f. *Tíos* 19. *Ag díonamh tíomháis* 19.

tiobhús f. *Tíos* 20.

tiocair : tiucair.

tíocht f. *Teacht. ~ aniar*, substaint, cothú. *Ocras ar fad a bhí air na daoine mar ní ra aon ~ aniar sa mbeatha* 24 *cuirníonn*.

tiománann. *Níor éirigh leis é [gluaisteán] a chur 'un tíomána* 19, . . . é a thosú.

tiomantach : tomanach.

tiomna : tomana.

tiompall dobh. 1. *Tá mé ~ aríst* 20, *tá fuil mhíosta orm arís*. 2. *Tá sr ~ aríst aige* 20, *tá sí torrach arís aige*. 3. *Tiompall's*, beagnach. *Tá sé leathbhliain ó shin, ~ 's* 20. ~ *'s leath-uair théis a hocht* 20.

tiomsacht : tomsacht.

tionlacan : folacan.

tionónta : tunánta.

tiontaíonn : iontaíonn.

tionúr f. *Babtha beag codlata* 20. *Níor tháinig ~ orm aréir* 19. *Ffr. tinniúr*.

tíos. *Níos (le breischéim). Beidh sé ~ measa* 20.

tír b. 1. *Chuirfeadh sé ~ is talamh thrína chéile* 32, . . . *gach duine . . . Bhí idir ~ is talamh ann* 20, . . . *go leor daoine . . .* 2. *Talamh tíre*, 'mainland'. *Is maith an tammall atá sí [carraig] ag goil amach thar an talamh tíre* 19.

tíriúil aid. *Ceansa. Sén sneachta mór atá in an éiníní an aeir a dhíona ~ nuair a chuireas sé a' soláthar greim le n-ithe isteach ar an ourlár agut iad* 24 *soláthar. Cháileadh siad a' chúileacht agus d'éireodh siad i bhfad níos tíriúla go bpiocadh as a*

dheire an péist amach as a bpreab a bheitheá réis a chatha suas 24 péist. Tá na h-ealaíochtaí bána ag éirí an- ~ 24 bán. Níl aon n-éan ~ ná fáin a ligeanns amach ál . . . 24 airdeall.

tís. Agall le glaoch ar éanacha óga 20.

tiscint b. Tuisceant, bá leis an té a bheadh i dtrioblóid. ~ *dhomhain acub* 19 (ag tagairt do na Mairtínigh a thugadh cuairt ar na daoine bochta i dTeach na mBocht).

tiscinteach aid. Tuisceanach, báúil 24A. *Fear ~ agus gnáidiamhail go dhaoine bochta é 24.*

titeann. 1. Tagann anuas. *Nuair a thioctas oícheantaí dubha tífídh siad 20, . . . tiocfaidh siad (eascanna) anuas san abhainn ón loch. Nuair a thitfeas an fuarlach 20, nuair a thioctas uisce ó na sléibhte anuas agus fuarlach a chur san abhainn.* 2. (Le toirneach) Buailéann. *Thit an toirneach orthab 20, bhuail tintreach iad. Mar deireadh a' sean dream 'thit toirneach ann le áit ar bith a bhuaileadh lasóg thinnrí 27.538.* 3. Titeann agus cailleann an mheabhair. *Is gearr gur thit mé 20. Bhí sé tite 20* (= an mheabhair caillte aige de bharr óil).

4. (Le bád) (a) Téann go grinneall. *Thosa na fóide a' sú an uisce a bhí á bhuala isteach agus leis a' meáchan thit a' bád i nganfhios daof 24 streachlatonn. Thosaigh sí a líonadh agus níor fhág sén spota go raibh sí tite arís 27.301. . . . gan í a bhe a' déanamh uisce, mar dá mbeadh bhí baol titim eirí 24 bád. Sé mo chéad chuimhne beirí as a mbaile air thit bád móna orthu . . . 24 bád. . . . le faitíos go dtiteadh sí sa gcala hal má bheadh sí sáití 'mach 24 saor báid.* (b) Titeann as a chéile, lobhann. . . . d'fhan a' ceann [sin] sa duc beag i mBárr a' Chaladh nó gur thit sí 27.662. Lig sé di [bád] titim 19. 5. Tagann chun boichteanaachta. *Bhíodar tite chomh mór sin, ní raibh ceare acu a scríobhadh an t-aoileach 19.* 6. Téann as alt. *Tá slinneán tite aici [bó] 19, 20.* 7. ~ *amach ina . . .*, tagann chun a bheith ina . . . *Ag titim amach 'na mbeaistiléaraí 19.* 8. Tagann (aniar, etc.). *Tá an t-iasc ag titim aniar 20, . . . ag teacht aniar ina mbáirí.* 9. ~ *ar. Thit an t-ól air 20, bhain an t-ól a chiall de.* 10. ~ *as. Thit an t-anam as 20, bhuail an-fhaitíos é, chaill sé a mhisneach.* 11. ~ *chun. Tite 'un saibhris 20, éiríthe saibhir.* 12. ~ (*amach*) *do, tarlaíonn do. Thit sé 'mach dom a thíocht ann . . . 24. . . . ach d'fhéad na leads ar thit dhíobh a bhe istí a bhe gáirí 27.275. A cur tuí a bhí an fear agus thit sé dhó a bheith air a' talamh . . . 27.466.* 13. ~ *faoi, téann chun donachta de bharr. Tá sé a' titim faon aois anois . . . 24.* 14. ~ *i, téann i ngreim i. Nuair a bhlaiseadh sí i gcónaí dó is a' titim ann a bhí a dúil 24.* 15. ~ *in aghaidh, éiríonn naimhdeach le. Gheofa ciall i ndaoine a thiteadh in aghaidh a chéile . . . 24 aghaidh.* 16. ~ *isteach, tarlaíonn. Réir mar a thuise sé isteach ná amach 24.* 17. ~ *isteach ar. Tá sé a' tuitim isteach air mheál mór airigid 24, tá meall mór airgead le fáil aige le huachta.* 18. ~ *isteach ina . . .*, tagann chun bheith . . . *Cailiu Mike agus é a' titim isteach in fhear óg 27.623. Tá sí ag titim isteach ina bean 19. Ag titim isteach i*

*ndeich mbliain is trí fichid 19. 19. ~ le, éiríonn le. . . . mara bhfuil an saol ag titim ceart léi 20. Dá mbeadh an saol ag titim leat . . . 20. 20. ~ ó, tagann ó, bíonn á rá ag, Bíonn focla barrúla ag titim uaidh 20. Is iontach an blogam cainte thit uaidh 20. 21. ~ *siar, téann chun donachta. Tugaim faoi deara go bhfuil do chuid beithí a' titim siar an-mhór . . . 24.**

titim b. *Bhí ~ imeartha orm 20, ba mé an té ba deireanaí a bhí le himirt.*

tiubh /t'uw/, /t'u/ *aid.* 1. Líonmhar. *Cho tiu leis na druideanaí air bhara na gcrann 24 barr. Tá siad chomh ~ le príacháin 20. A ra tumannaí féir a' fás ann cho tiu le do mhéaraí 24 scrathach. Chomh ~ is tá gaineamh ar an trá 19. 2. Dimheabhrach. *Tá cloigeann air chuid acu go ~ leis a' g'cloch 24. Siad na loctí iad, bhí siad cho ~ le turnapa bán 24 leidhce.**

tiucair b. Cúis, siocair. 1. (Le tinneas). ~ *bháis 20. Níor tháinig an bás ariamh gan ~ 20. Ní bhfuair sé ~ mhór ar bith 24. Thug sé ~ dhó fhéin 20, . . . cúis tinnis. Ní ~ ach tiucaireachaí 20. ~ bheag mar a bheadh scríob ó dhreis 24 ábhar. 2. (Le achrann). *Ní mórán ~ a d'iarr sé 20 . . . údar achrainn.**

tiucarach aid. Tugtha do. 1. ~ *d'fhuacht 20. ~ do shlaghdán a fháil 20.* 2. ~ *don ól 20.*

tiúin b. *I d ~ chomhrá 20, bainte amach ag comhrá go sásta. Ffr. iúin.*

tiúitiminteacht a. br. Fidleáil 20.

tiúitil /t'u:í'/. Dada airgid. *Ní raibh ~ acub 20.*

tiunc /t'ynk/. Dada. *Deabhal ~ a fuair sé 20. Níl ~ ar bith orthab 20, níl airgead ar bith le fáil orthu.*

tiús : *tibheas.*

tlú f. 1. *Nuair a bheirinn braon óil orthu bhéaradh siad caint gon ~ leis a' bhfarach cainte a thagann orthu 24 farach, . . . bhainfidis caint as an tlú féin.* 2. *Cáca ~ 19, cáca a bhruirí ar an tlú.*

tnúthán : *srufán.*

tobac f. ~ *na críostaíocht le dó 19 - tobac an tórraimh.*

tobainn aid. Tobann. *Bhí sé [duine] an-tobainn 20, . . . taghdach. Ffr. toibeann.*

tobar f. Go dtóige an deabhal go ~ *na Luatha thú chúig mhíle taobh thíos d'Ifreann 20 - eascaine.*

tóbar /t'o:bər/. 1. ~ *a thabhairt do dhuine, duine a dhíbirt. Thug sí ~ dhó 31. Thug sé ~ amach an doras dób 19.* 2. *Scaoil ~ léi 19, tabhair cead a cinn is a coise di. Ffr. tópar.*

tochailt a. br. *Cuire mé do shrón a' ~ sa lachach má fháim focal eile uait 24.*

tochas f. ~ *do dhrama, dada. ~ do dhrama ní gheobhfá ar mhuca 20. Ní bhfaighfeá ~ do dhrama air 19.*

tochasach aid. A bhfuil tochas ann. *Deir siad nuair a oeríonn creath [cneá] an-~ go mbíonn sí a' creasú 24. Deoun mórán ní ar bith . . . níos tochasaí ná coileán óg 24. 'Deoul fear a chonaic mé ariabh' a deir sé 'cho ~ leat, shléa gur ort tá dreancaidí Chúige Loen' 24. Cho ~ le sean-asal Beáilteine 24.*

tógann, -gáil : **tóigeann, -geáil.**

togha' aid. Den togha. *Bhíodar ~ 19. Tá an cosán ~ 19. Feicear 'um fhéin go bhfuil mé ~ 19.*

togha' f. Is tú ~ an domhain 20, is tú is fearr ar bith. *Tá siad ag díonamh ~ 19, tá ag éiri leo thar cionn.*

toibeann aid. Tobann 20.

tóigeáil b. 1. Coinscríobh. *Ar a' ~ a bhí a' téacht a rinne sén tseanmóir 27.107. 2. Tá go leor ~ beatha aige 20, tá sé mórshách.*

tóigeann. Tógann. 1. Cuireann léas ar. *Á dtóigeadh diallaid thú . . . 20. Tóigthe de bharr na diallaide 20. 2. Aistríonn (móin) ón bportach lena cruachadh nó a tabhairt abhaile. Níor thóg muid aon fhód fós 20. 3. Tárne a bhí tóigthe aige 20, a bhí imithe isteach ina chrúb. 4. Beireann (ainmhí) ar. Thóg sí [cú] é [coinn] 20. 5. Glacann an t-ainmhí fireann. Thóg sí stail 20. Thóg sí tarbh 31. 6. Cuireann in alt arís. Tóigeadh slinneán aici 20. An bhfaca tú slinneán á thóigeáil ariamh - ceachtar agaibh? 20. 7. ~ amach, iompraíonn (corp i geonra) amach as teach. An raibh tú ann nuair a tóigeadh amach é? 20. 8. ~ chun. Tóig aill aige 20, tóg cloch mhór le caitheamh leis. 9. ~ le. Ó thóg sé a láimh leis an teach 20, ó thosaigh sé ag obair ar an teach. 10. Togham. Thóg eiseann a ghoil go na Stáit agus d'fhan mise sa mbaile 27.263. 11. (a) Tóig foighid 20, bí foighneach. (b) . . . thóicéad suantas dhaofa har pháistí eile 24 bricneach, thabharfaí faoi deara iad . . . (c) Hóig mise lán mo shúl go maith dhaof a goil harstu . . . 24 aireach, scrúdaigh mé go maith iad.*

tóigthe aid. bhr. 1. D'imigh sí [capall] ~ 20, . . . ansíobtha. 2. Go dímhín, tá mé ~ leis 20, . . . tá mé thar cionn dá bharr (le searbhias).

toil' Teir. Bhí ~ eicint a' baint lei har mhí ar bith eile ach má bhí bu dhé ~ a' ghaltain agus a' ghorta é 24 Iúil. Tá sé ráite ariamh gur air an iaran atá an toil . . . 24 taisce. Níor airridh mé iad á rá am ar bith cad a bhain gon ~ nó an geasa nó cosg a bhí eiri an chuach gan glaoch air Lá Peadar is Pól ná woe sin amach 27.1299. Bhí ~ eicint air chlainne Molamhna . . . go rabh siad claonta gon ghadaiócht 24 clann. . . go bhfuil tuil air mhúile gan aon síolrú a dhóna ó bhuaíl sé cick air Mhuire Máthair fadó 24.

toil,² -íocht, -teanach : **tuil,** etc.

toil dheona : **tuilíóna.**

toilleann : **tuilleann², sílleann.**

tóin b. 1. I mo thóin, i mo dhiaidh (le béic, etc.). *Chuir sé béice in mo thóin 27.324. Búir agus béice dhá chuir ina dtóin . . . 27.67. . . sa rann eascaíní a chuireadh siad in a d~ 27.63. Diabhal go bhoss a' búirah 'na d~ dhá gcoinnéid air a gcois air fad 27.280. Mo chuail mhallacht amach a' doras duit a dhearg dhiabhail go 'Black and Tan' an guimh a chuir sé na thóin ag imeacht 24 droim. Bhíodh sé a' cuir a' námhaid le buile nuair a chuireadh sé fead in a thóin 24 námhaid. 2. Téann i ndiaidh, in aghaidh, a thóna, cliseann, lagaíonn. (a) Agus nach bhfuil fear dá mhéad nach dtóen an oe a thóna 24.*

Bheadh sé ag goil i ndiaidh a thóna 19. (b) Tá an ghaoth ag goil i ndiaidh a tóna 19, . . . ag lagú. 3. (a) ~ a bhualadh ar an aer, ar na fraigtheacha, dul le mire (áthais, buartha). Is beag nach bhuaíl tonánta beaga a d~ air an aer le ríméad 27.506. . . . bhuaíl sé a thóin ar na freitheacha le neart macnais 2A crú. Is beag nach mbuaileadh siad a d~ air na fraigheacha leis a' smut a chuireann sé orthu 24 tóigéalach. (b) 'Dá mbuaillte do thóin air a' ngealach anois' a deirm 'ní shaorach sé thú' 27.776 ~ dá ndéanfá do dhícheall. 4. Breith ar thóin ar dhuine. Nuair a shroigh muid a' teach b'fhrusta breith a[r] thóin orainn 27.1348, . . . bhíomar tuirseach traochta. Tá a lá caitte agus is fursta breith ar thóin nós mó orthu 27.386. 5. Lán a thóna. . . agus bainiu lán a thóna go léim as ann 27.555, . . . léim mhór . . . gur bainiu lán a tóna go léim aisti aig ceann a' bhóithrin . . . 27.327. Bainiu lán a dtóna go mheala as a dream a ra ocras oru 24 dóirteann. 6. D'ime an mac go Meiriceá óg go maith as ~ the 27.700, . . . as taghd teaspaigh. 7. Rith a thóna. Tá rith a thóna is a chinn anois leis 19, tá (an iomarca) cead a choise anois aige. Bhí rith a tóna is a cinn ro-mhór léi 19. 8. Faoi mo thóin. (a) (Cúrsaí gléas iompair). . . carr faoi mo thóin go Gaillimh 20. Dá bpósfá [bean shaibhir] ní faoi thóin Thomáis a bheadh sé sin [scútar] amuigh inniu ach faoi do thóin-sa 20. Tá éadach orthab agus bicycles faoina d~ 20. (b) Gan fhios dom. 'Níl a' bhuith mór ag na fatai nú' a deir sé leiche, 'bheadh siad leáite faoi do thóin' 24 bruith. 'D'ime sí as Gaile faoi mo thóin . . . ' 27.51. D'ime sí faoi na thóin agus phós sí fear eile 24 . . . ach hainic a' múr faoi mo thóin . . . 24 pluid. Bhí an buachail báire go bháile air chúl clai istí i dtom faoi na d~ agus i ngan fhios gon chuid eile dhúin cho maith 24 bradán. 9. ~ idir dhá stól, idir dhá chomhairle. . . agus a thóin eidir dhá stól céard a dhónach sé 24 ceapann. Tá a thóin eidir á stól anois 24. 10. Síleann sí gurb ar a ~ éiríonn an ghrian 19, . . . gur duine íontach í. Níl aithne uirthi nach ar a ~ éiríonn an ghrian 20. 11. (a) Tá sé [asal] ag goil dhá thóin in airde 20, . . . ag caitheamh a thóna. Asal a bheadh ag tóigeáil tóin-eannaí fút 20, id. (b) Ag imeacht ag goilt á d~ in airde ó mhaidin go fuithin 20, (daoine) ag imeacht ag macnas go haerach . . . 12. Chuir sé a thóin amach 20, thuirisigh sé é fhéin go mór ag obair. Tá a thóin amach anois aige 20, tá sé tuirseach féachta. 13. Bhí a thóin amuigh ceart 20, bhí sé le cuthach. Bhí a thóin amuigh nuair a dúirt tú leis é 20. 14. (Le meisce). Tá a thóin go binn aige 20, tá sé dallta. Tá a thóin stróicthe 20, id. Níor thosaigh sé ag achrann ariamh go raibh a thóin osclaithe 20, . . . go raibh sé dallta. 15. An chuid is faide ó láthair. . . á dtagadh sé as ~ na hÉireann 27.196. . . á dtagadh siad as ~ a' domhain . . . 27.198. . . a' méid acu atá beo scapa go ~ a' domhain . . . 24 cloiseann. 16. Go ~, go deireadh, ar fad. Mámhasaí go ~ iad 20. Ní aon cheann acub go ~ nach lobhfáidh 20. Bhí sé i chuile dhuine go ~

acub 20. 17. *Ina* ~, idir a dhá chois dheiridh. . . . *cíod a rinne sí* [mada] *ach a driobal a chuir ina* ~ agus a ghoil taobh shiar dom 24 aireach. 18. *Deoul craith' in a thóin, tá sé bánáil le na lá 24, níl tada fágtha aige* . . . 19. *Gála tóna 24 bád, gála a bhí ina chóir.* 20. *Buinne na tónach 20, an buinne focharach sa gliabh.* 21. (Leaganacha eile). *An gcorraíonn mo thóin mo ghúna go deas?* 19, an luascann mo ghúna go deas nuair a shiúlaim (-bean ag fiafrú an 'iompraíonn' sí an gúna nua go hoiriúnach). *Fiafraigh de mo thóin i gcogar cé mhéad ráithe ó Shamhain go Nollaig* 19 - focal a déarfáil le duine ró-fhiafraiteach. *Do thóin dlís amuigh!* 20 - le coileach a bhlaodh ag an doras. 22. ~ *gháinimh* 20, eireaball an lugaigh a bhíonn lán le gainneamh. 23. (An fharraige). *Ag éirí ó thóin* 20, an-gharbh ar fad.

tóimín *b.* *Cé hí an tóimín rite?* 20, cé hí an cailín beag?

toimte *f.* *Sfh.* ~ *fada na hóinsí* 20.

toirneach *b.* Deoch mhór. *Is dóigh gur ól sibh ~ phórtair* 20. *D'ól sé ~* 20. *Ní ghabhfadh ~ go maith dhó* 20.

toirneáil *a. br.* Siúl go mall. *Bhí sé ag ~ leis* 20. *Tá tú ag ~ leat, bail ó Dhia ort* 20. *Ffr. tornáil.*

toirnéis *a. br.* Torann. *Ná bí ag ~!* 20. *Bíonn sé ag ~ ó oíche go maidín* 20.

toirpéiseach *aid.* Mórgholgach 19.

toirt *b. 1.* *Tá ~ gan tairbhe agat* 19, . . . rud mór gan mhaith. *Ní raibh ~ faigh ná fionnóige le fáil* 20, ní raibh dada . . . *Má fhaigheann tú ~ do chodach ar na beithigh ná tabhair abhaile iad* 32, . . . oiread is a chothódh thú . . . *Bhí ~ cloch fhataí aige len aghaidh 24 ocrais, . . . carnán a raibh cloch fhataí ann . . . 2. Ar an ~ boise* 20, ar an bpointe boise.

toirt *b.* Droch-íde, tónaiste. *Ná tug aon droch-thóirt ort fhéin* 20. *Nach é a thug an ~ air fhéin* 20. *Ffr. tuairt.*

toiseach *f.* Tosach 24, 31.

toisíonn. Tosaíonn 31.

toigadh *a. br.* *Is fada dhá tholghadh thú* 20, is fada thú á [bualadh] thuilleamh, is fada é ag dul duit.

tolgan *a. br. 1.* Stróbh. *Ní ~ ar bith air* é 20. *Dhion-fadh sé gan aon ~* é 20. 2. *Tá an aimsir ag ~* 20, . . . ag briseadh. *Tá sé ag ~ báistí* 20, ag brath ar bháisteach a dhéanamh. *Tá mé ag ~ tinnis* 20, . . . chun a bheith tinn.

tolgtha *aid. bhr.* *Tá siad* [prátaí] ~ 20, tá siad fabhtach. *Tá an aimsir ~* 20, . . . briste.

tolladh *a. br. 1.* ~ *péisteach*, polladh ó phéisteanna ar phrátaí. *Tá blas air a' bhfata i ngeall air thola péisteach* 24 fata. 2. *Bhí sé ag iarraidh mé a tholladh* 20, . . . eolas a bhaint asam.

toll-éadrom *aid. 1.* Neamh-shocair. *Bád ~* 20, neamh-shocair cheal a dóthain ballasta. 2. (Le duine). Guagach, siféalte. *Tá sé ~ sa gcloigeann* 19. *Bhí sé ~ le ól* 19.

tollta *aid. bhr. 1.* An-fhuar is gaofar. *Ba ~ an lá* é 20. *Lá ~ fuar* 20. 2. Cráite, uafásach. *Ba ~ an scéal* é 20.

tom *f. 1.* *Dá mbeadh focal searbh ar bith le rá le éinne aici ní air chúl clai ná ~ a déaradh sí é ach le do bhéul* 27.1197. 2. ~ *fiúsóige* 20, féasóg mhór. **tomail** *b.* Cnuasach tom. *Bhí ~ mhaith luachair ann* 20. *Bhí ~ le n-ithe ann* 20. ~ *mhór mhillteach broibhe* 20.

tomanach *aid.* Bagrach (leis an aimsir). *Tá an lá ~* 20. *Tá sé sách ~* 20.

tomhais : **túis, úis.**

tomhaiseadóir : **tuiseadóir.**

tomhaiseann¹ : **tuiseann.**

tomhaiseann² : **túiseann, úiseann.**

tomhaiste : **tuiste.**

tonna *f. 1.* Gealladh, ogach. . . . *ní fhácadh sí sin go dtiúradh duine eicint ~ é thóirt treasna* 24 cloiseann. *Níor thug sé ~ ar bith dhom go dtiúradh sé a vóta dhom, ná cé dhó a bhéaradh sé t. Is fada a chaith sé a' siúl lei sul má fuair sé tumna uaithe go bpósadh sí é* 27.1465. . . . *tumna mór a bith níor hug sé dhom ná sása air bith sa doun* 24 failloch. 2. Dea-chosúlacht (i dtaobh na haimsire). *Ní ~ maith ar bith atá ar an lá* 20. 3. *Ní raibh aon ~ maith aige dhó* 20, ní raibh aon ghean aige air.

tonnaíonn. 1. Mionnaíonn gan rud a dhéanamh. *Níl aon mhaith dhuit liom, tá sé tumnaithe agam* 20, tá mé tar é a ghealladh nach n-ólfaidh mé é. A. *Deabhal a n-ólfaidh mé é. B. Ná tumain é* 20. *Níl mé ag goil mo thumaint fhéin leat* 20, níl mé chun a mhionnú (nach n-ólfad) toisc go bhfuil tú á thathaint orm. 2. *Níl mórán bainne ag an mbó, ní dhá thumaint é* 19, . . . ní á dhiúltú é.

tomsacht *a. br.* Iníor, tiomsú. *Beithí air aon taobh dó a' ~ leó* 27.423. *Bhí siad* [beithigh] *ag ~ ann* 20, . . . ag ithe.

tónacán *f. 1.* Páiste trom ramhar 20. 2. Duine beag ramhar gan mórán brí 20.

tónaiste *m.* Droch-íde, iospairt. *Thug sé ~ dhó* 20.

tonn *b. 1.* *Isteach faoi thoinn* 20, isteach ón bhfarraige. *Ag imeacht le toinn* 20, . . . le bruaich na farraige. *Níl ~ ó thrí ann* 19, níl aon trá ann (trá an-bheag atá ann). *Thairn a' bád a' ceangal agus tá sí ag imeacht [i] mbarr toinne* 24, . . . ag imeacht le sruth ar an bhfarraige. 2. *A dtug ~ ar trá, saibhreas mór. Thuirfainn a dtug ~ ar trá* 20. *Ní dhéanfainn é ar a dtug ~ ar trá* 20. *Dá mba liom a dtug ~ ar trá, agus is mór é sin, ní fhéadfainn seasamh leob* 20. 3. ~ *bhrochoíge* 19, scraith ghlugair. 4. *Thastódh ~ níocháin uaidh* 20, theastódh níochán beag uaidh. *Cuir ~ níocháin faoi* 20.

tópar /tɔːpar/. Tóbar (*q.v.*). 1. *Thug sé ~ abhaile dhó* 20, dhíbir sé abhaile é. *Thug sé ~ amach dhó* 20. 2. Treo imeachta. *Is é an ~ a thóigfeadh Cóil soir treasna na ngarrantaí* 20.

tor *aid. 1.* Gan dada (i gcúrsaí óil nó bia). *Dhá mbeadh duine ann a roinfeadh rud is a d'fhágfadh é fhéin* ~ 20. 2. ~ *tar, an-tur.* *D'fosa lán do bhoilg acu ~ tar* 24 fata. *A ithe ~ tar* 19. *D'ith siad lán a mbuilg go na fataí ~ tar, lí lé níor chuarta siad leofa* 24. 3. *Is ~ tar an chaint í* 20, is neamhshuáilceach.

torachán *f.* Duine óg nó lao nach mbéadh fás faoi. *Deabhal blas méadú atá sé a dhíonamh, séard é fhéin* ~ 19.

toradh. 'Sé mo bhariúl', a deir sé, 'nach n-iosa sé aon gheim go thoradh na talún níos mó' 24, . . . go bhfuil sé in ucht an bháis.

tóraig /tɔ:ri:/ *f.* Duine a bhfuil radharc maith sa dor-chadas aige, is nach mbíonn scáth air san oíche. *Tóris a thugadh siad fadó ar fhear nó ar bhean a mbeadh an-léargas acu ó an-dubh 24 léargas.*

teorainn *b.* Teorainn. 1. *Bhí cupla ceann aici taobh amuigh de thórainn 19, . . . cupla páiste neamhdhlísteanaigh aici.* 2. ~ *cinn*, cloch i dtalamh le ceann amháin den teorainn a mharcáil. *Cuiriu cloch fhada síos in chaon phoul acú agus fágú cuide dhuich an uachtar le feiceáil. Bu shin iad na dá thórainn cinn 24.*

tórainneach *aid.* 1. Sínte le teorainn 20. 2. Dian cinnte gear maidir lena chearta féin. *Fear ~ go math bhí ann in chuile bhealach dá ra siúl leis 24. Sé an fear is tórainní bhí sinte leat ariabh, an chearc héin ní fhéatac seasa air 24. Duine an-~ é a mbun gratha, cut bradach a gheouch brabach air 24. Sin é an fá a ra sé go ~ air iad a bhe baintí ceart 24 maitheas, . . . go raibh sé chomh gear is pointeáilte. Cf. **dórainneach.***

tóraíocht *a. br.* Cuartú. ~ *snáthaide móire i bhfásach 19, tóraíocht nach n-éireodh léi. ~ dhuit gan fáil!* 19, nár fhaighe tú an rud atá tú a thóraíocht.

torán *f.* Péist bhán dheargchloigneach a bhíonn sa gcapall, agus sa talamh, 'wire-worm' 19.

torann *f.* 1. 'Deoul an oiread agum', a deir sé 'agus a dhíonach turn [torann] air chloch' 24 oiread, deabhal pingin agam. 2. *Níor fhan sé le ~ a chos 20, rith sé leis faoi dheifir.* 3. Agóidíocht. *Mara ndíonfaidh sib ~ ní bhfaighfidh sib ceart 20.*

toras. 1. Aistear gan tairbhe. . . . agus nach mbeadh ann ach turas dó 27.1150. *Is tú a chuir an ~ ort fhéin 20.* 2. *In aon ~.* (a) D'aon ghnó 20. (b) D'aon ghnó le magadh a dhéanamh. *Is é an chaoi a raibh sé in aon ~ leis 20, ag magadh faoi.* 3. ~ *Mh'rocha leat!* ~ *Mh'rocha go hÁrainn leat!* 20. ~ *Mh'rocha go Geansa leat!* 19, nár fhille tú!

torbad *f.* Torbán 19.

Torcach *f.* Duine as an Tuirc. 1. *Scrúdfadh sé an ~ an chaoi a bhí air 19, ghoillfeadh sé ar an duine ba chrua croí.* 2. *Gaoth a bhainfeadh an tsróin den ~ 20, gaoth fhuar fheannta.*

tormach *aid.* *Slapar ~ 20, úth méadaithe le linn tormairg.*

tormach *a. br.* Tórmach. *Tá sí [bó] tosaithe ag ~ 20. Tá ~ maith díonta aici 20. Ag ~ bhíos an bhó nuair atá lao inti 20.*

tormán : formán.

tórmhar *aid.* Tóiriúil. ~ *ar an ól 20.*

tornáil *a. br.* Toirneáil (*q.v.*). *Bhí mé ag ~ liom 20.*

tóró. Agall spreagtha tairb. ~ ~ ! 19, 20.

torrach *aid.* 1. *Tá sé ~ ansin 19, tá meall mór air (ceann tú a mbeadh droch-chaoi air).* 2. *Tá an t-aer ~ le báisteach 20, tá cosúlacht báistí ann.*

torraic *b.* Turraing, tuairt. 1. 'Bíoch sin anois aige' . . . a' tóirt a' toraice dhó a chuir an oe mhullaí amach sa bpoul móna é 24. *Báire an-gharbh bhí ann aig na toraici bhí siad a thóirt dá chéile 24. Chuir sé ~ ann 20.* 2. *Cúl ~, cúl taca. Ní raibh aon chúl ~ aige 20.*

tórramb *b.* *Is geall le teach ~ é 20, teach é a bhfuil an-ghiúnas ann.*

tortán *f.* Gamhain beag gan biseach 20.

tos *f.* 'Measure'. ~ *beag a fuair mé 20. Thug sé ~ maith uaidh 20. Ffr. tus.*

tosach *f.* 1. *Bhíodar ag goil 'un tosaigh leis 20, bhíodar ag dul chun cinn leis (an obair). Tá siad ag goil 'un tosaigh 20, ag dul ar aghaidh sa saol, ag éirí saibhir. Nár théighe sé 'un tosaigh dhób! 20, nár éirí sé leo! Sin é an chaoi a raibh an scéal ó thús deireadh go tosaigh 20. Ffr. toiseach.*

tosáinn : toisíonn.

toست : sost.

trá *b.* *Is iomaí ~ is tiompall a chuir sí orm 20, is iomaí aistir a bhain sí [bó] asam.*

trácht *f.* Uachtar áirse na coise 20. *Béal mo thráicht 20, an chuid den trácht atá le bun na lorga.*

trádóireacht *a. br.* Obair trá (baint fheamainne, tógáil faochan, etc.). *Bhíodar amach ar an rabharta ag ~ 19.*

traeín *b.* ~ *ualaí, traecin earraí. Níl fhios agum an ~ peaisinearaf nó ~ ualaí bhí inti . . . 24.*

tragnach *f.* Traonach 20, 19.

traidhl *b.* 1. *Níor imigh muid go raibh ~ de lá ann 20, go raibh píosa den lá caite. M'anam go raibh ~ de lá ann nuair a d'éirigh mé 20.* 2. *Cleas an ~. Déanfaidh mé cleas an ~ leat 20, cuirfidh mé ag casadh san aer thú (le buille). Bhuail mé snaidhm de mhaide uirthi agus dá mbuailfínn ceann eile dhíonfadh sí cleas an ~ orm 20.* 3. *Buille. Thug sé ~ dhó 20.*

traiféise *b.* Truffais. *Tá chuile ~ curtha ina bholg aige 20.*

traimeáil *a. br.* Traimleáil 20.

traipisí *iol.* *Chaith mé mo lámh i d~ 20, chaith mé . . . i gcártaí, ar an mbord gan í a imirt.*

traisealach *f.* Traisealach 20.

tráithnín *f.* ~ *siúil*, fonn mór siúil. *Is iontach an ~ siúil atá faoi sin 19. Tá ~ siúil i do ladhair 19. Ffr. sráithnín.*

tráithnínteacht *a. br.* Siúl thart anseo is ansíúd go minic gan aon ghnó á dhéanamh. *Níl a fhios a'm cén sórt ~ atá air sin 19.*

trálach *f.* Tálach 20.

trálach *?* Srálach (*q.v.*). *Chaitheadh sé bhe ann-glan. Ní déanadh (sic) sé duit trálach ná giolcach a bheith reoite duiche ná an áit a mbeadh uisce éadrom 27.821.*

trálaer : trólar.

tralalá *iol.* 1. *Earraí beaga. . . . ocastóirt agus siopaí beaga a' díol mílseáin agus tralalá beaga-eile chomh maith 27.679. . . . ach bhí siúcra, tae agus trealalá eile dhá dhíol acu chomh maith 27.710. 2. Tá sé ag imeacht go na ~ ar fad le goirid 24, . . . ag cailleadh na meabhreach, ag dul amú. Chuir sé ar a*

chuid ~ é 24A, *chuir* sé ar an eolas é. *Bhí na ~ cáilte a' teacht as Gaillimh aige* 24, bhí an mheabhair cailte (de bharr meisce) aige. . . . *ceo ar bith nár cháil mé an trolaí 24 buaileann*, nach ndeacha mé as mo chéill (le fearg is diomá).

trangáilte *aid. bhr.* Trangláilte 20. *Tá an teach sin ~ le troscán* 20. *Drisiúr ~ le soithigh* 20.

transam *f.* *Tá an-~ aici* 19, tá tóin leathan aici (bean).

traoitheadh *a. br.* *Ag ~ a bhoilg* 20, ag díleá a chuid bia. *Ffr. sraoitheann.*

traonach : **tragnach.**

trachaint *b.* Glaschaint, caint ghoibéalta. *Ag ~ le chéile* 32.

trasnafocht *a. br.* Cur i gcoinne, argóinteacht. *Tá sé ag ~ orm* 32.

trasnán : **troslán.**

tráth. 1. ~ *coiligh*, tráth a nglaonn an coileach. *Is gur minic gur bé an chéad trá coilí chuir sgap antú 24 scéalafocht. A' faire air a' chéad ~ nó an dárna ~ coilí* 27.316. *Tráití coiligh* 24A. 2. *Uair sa naoi d~*, uair an-annamh. *Is minic le cómharsa nach dtoen ach uair sa naoi d~ isteach in aon teach, seasamh go cúthal taobh isti gon doras . . . 24 aghaidh. 3. ~ is uain*, tar éis achair áirithe. ~ *is uain bhí an bád seo ag goil Gaillimh* 19. ~ *is uain casadh é go Gailliamh* 19. 4. *Chaoin sí na seacht d~ 24*, chaoin sí go leor. *Bhí an bhean bhocht a' caoine na dtráití ó cailliú a fear* 24 tráth. *Bhí an oiread cúth ag a' ngrabaire i ndia an chapail is gur chaoin sé na tráití ina dia* 24 cimlónn.

tráthúil *aid.* Oiriúnach ó thaobh ama. *Chomh ~ leis a lá bán, bhris a' sioc sa tráthnóna* 27.1238. *Chomh ~ leis a lá bán cupla lá na dhiadh casú fear a rugú . . . 27.884. Chomh ~ lena bhfaca tú ariamh . . . 20.*

tra veailíos. *Bhí an oiread ~ uirthi* 20, bhí an oiread global uirthi.

treabhaire *f.* Fear misniúil. *Ba ~ an té a déarach aon cheo le Charlie . . . air a' mbaile* 27.721. *B'fhéidir go rámhailtí eicint eile a bhuail é ach ba ~ an té a déarach é* 27.338.

treabhann. Cartann, tochlaíonn. *Tá'n pháirc treafa ag na beithí go bhárr a' siorbháisteach* 24. *Catha muid fáint a chur sna muca tá an áit treafa acu* 24.

treabhsar *f.* Briste. *É siúd ag cuir ~ air* 20, é siúd á chothú, á choinneáil ag imeacht.

tréadán *f.* Treaghdán. *'Lua an Dúnaí'* [Luaithe an Dombhnaigh] *bhíodh na sean-ndaoine a chuir air na beithí fadó a' marú na dtréadán iontu* 24.

treafach *f.* Capall ag treabhadh. *Níl aon t~ i dtír a bhfuil leath ag [aige] air faoi úm* 24. *An áit a bhfuil ~ mishásúil, catha cinnire a bhe aige g'iarradh é choinneáil staidéarach* 24. *Treafaí an-sásúil iad leis a' gcinnireacht* 24 cinnireacht.

treaghdán : **tréadán, troigheadán.**

treallús : **triollús.**

tréan *aid. 1.* Láidir. *Chomh ~ leis an ngaoth Mhárta* 20. 2. *Fairsing. Bhídís le fáil go ~* 20. *Iad ag imeacht an-~ fadó* 20. *Chomh ~ le druideachaí* 20. *Tá na tithe ~ ann* 20. *Ná cuir ~ é [sól]* 19. 3.

Tapa. Tá tú ag siúl ró-thréan 19. *Ag imeacht an-~* 19 (le capall).

treanach. ~ (*air*), beagnach. *Bhí sé ~ air a bheith chomh dona leis* 27.1442. *Bhí maidin Domhnach Cásga ~ a bheith chomh maith léice* 27.1457. *Bhí sé ~ air a bhe cho dona le blianta na bhfataí dubha* 24 cathann. *Bár air a' mí-ádh bhí sé ~ air a bheith grúite aca nuair a thug a' maide rámh* 27.1442. *Bhí sé ~ a bheith ina chainteoir chomh maith le Parnell* 27.1442. *Mbu [mura] raibh sé chomh leiscúil len athair bhí sé ~ air a bheith* 27.1442.

tréanadas *f.* Tréine. *Le teann ~ báistí* 19.

tréas. 1. ~ *a chur ar*, bleid a bhualadh ar, araoid a chur ar. . . . *ní chuire mé aon ~ air* 24 beannaíonn. . . . *nuair a bheithéad a mbád gan aon ~ a chuir ar aon nduine ar a' mbruach nach 'r aithin tú . . . 24 scanraíonn. Níor chuir sé ~ ar bith air* 20. 2. ~ *a chur, fiafraí. Ach ní chuir mé aon ~ cad a bhí siad a' goil* 24 spailpín. 3. *Cáin, fineáil. Ar cuireadh ~ ar bith air?* 20.

treasfhaobhar *f.* Faobhar chun troda. (Sa scéal-aiocht) *Chuir sé seacht bhfaobhar ar a chlaidhmhe, trí fhaobhar agus ~ . . . 20.*

treaslóg *b.* Tinneas idir ladhracha na gcós 19, 20. **tréasmuiste.** *Cé is moite. Ní fhaca mé aon fhear a tíocht a bhféatá 'smig the goat' a thóirt air, ~ go na lads óga ghrána . . . 24 cab.*

tréatúlacht : **créatúlacht.**

treasna. Trasna. *Craiceann ~* 20, craiceann (láimhe) a bhfuil na roic ag dul trasna ar a cheile ann.

tréigeann. 1. ~ *an ghrian iad* 19, baineann an ghrian an dath astu. 2. *Nó go dréice an eala an snámh* 24, go brách. *Ffr. sléiceann.*

tréigthe : **stréigthe.**

tréimse *b.* Tréimhse. *Tréimsí breá gréine* 19.

tréipléiseach, tréipréléiseach. *aid.* Teanntásach, bladrach 20. *Ffr. tréipléiseach.*

treise *b.* *Bua is ~ agad ar do námhaid!* 20. *Bhí an ~ aige air* 20, bhí sé níos fearr ná é.

tréitheach¹ *aid. 1.* Fairsing. *Bíonn sé ~ ag fás ann* 20. *Bhí iasc ~ ar an bhfarraige inniu* 20. . . . *ag ceannacht muca go ~* 20. 2. *Deisiúil, saibhir. Dream ~ a bhí iontab* 20. *Fear ~ é* 20.

tréitheach² *aid.* Tréithlag 19. *Fágfaidh sé tinn ~ é nuair a bheas sé réidh leis* 20.

treochailte /tr'oxilt'ə/ *aid.* Trochailte. *Is minic le na leithide a bhe deou(l)ta cantalach ~ . . . 24 leadaí.*

treolach *aid.* Leochaileach, mífholláin. *Tinn ~* 20.

treolaí *aid. 1.* Aireach i dtaobh na sláinte is an chom-póird. *Nach tú tá ~ ort fhéin* 20. 2. *Teolaí. Te ~* 20.

treoraíocht *b. 1.* *Is deabhlá an ~ a rinne sé* 20, is breá mar a rinne sé a bhealach. 2. *Ní raibh aon ~ ann* 20, ní raibh aon treallús, aon dul chun cinn ann.

trian. 1. *Chua sé ~ thraom ag éisteach leis* 24A, ghoill sé go mór orm. 2. *Is ~ síos air é* 20, is mór an t-údar cráite dhó é. 3. . . . *gur beag nach gcuir-fheadh sé ~ siar thú* 27.1321, nach ngoillfeadh sé go mór ort. . . . *go h-áirithe mar buil sé pósta*

cuireann sé ~ siar é 24 gruaig.
tríllín *f.* Ní raibh trioblóid ná ~ air 20, ní raibh cúram ar bith air.
trilseán : **troilseán**, **troislean**.
trínseáil *a. br.* Lánú (prátaí) 19.
trioblóid *b. 1.* ~ páiste, ~ clainne 20, luí seoil. 2. Bás duine muintire. '~' a *deir* Jack, 'a mháthair seo' 27.464.
triollús *f.* Treallús, dul chun cinn. Ní raibh sé *de thriollús* ann 20.
triollúsach *aid. 1.* Teanntásach, bunáiteach. *Bhí sé ró-thriollúsach* 19. 2. Díograiseach. *Gasúr* ~ 20. ~ *ag a chuid oibre* 20.
triomach *f.* Iatacht sa díleá 20, 31.
triopálach *aid. Ní fear* ~ oibre é 33, ní fear duth-rachtach oibre é.
trípléiseach *aid.* Tréipléiseach (*q.v.*). *Bean réidh nach mbeadh an-* ~ 20.
triucair *b.* Siocair. *Is minic a díontar fouil mhór le beagán* ~ 24 fouil. *Bhí fear a' cuir síos dom air a' ~ a tharraing a' chainnt sin 24 fairsin.*
triuf *f.* Ní chuir mé suim deich ~ ann, . . . suim dá laghad 24 ábhar. Ní thiúrfainn deich ~ air 19, . . . dada air.
trócaire *b.* Nár fhaighe mé ~ mara n-insí mé dhuit é 19, caithfidh mé é a insint duit . . .
trochailte : **treochailte**.
troigh. *Dhiún* ~ mo chois ghabhfas mé níos foide 20. A. An ngabhfaidh tú ann? B. *Dhiún* ~ mo chois! 20.
troigheadán *f.* Treaghdán, míol gruaige 19, 20. *Bhí a chloigeann lán le troigheadáin* 20. *Ffr. tréadán.*
troilseán *f.* /traɪlʃa:n/. Greim 'an chábla' sa gcniteáil 19.
troimeacht *b.* Dorchadas (datha). *Féach a' craiceann breá dearg atá air a' lao sin agus a' ~ atá sa dath* 24.
troimeas *f.* Tinneas, laige. . . *dhe go léor tinneas ná truimeas a fheiceas tú a' goil dhó 24 scamhóg.*
troimse /tri:mʃə/ *b.* Lagar, meirfean. *Chuirfeadh sé ~ ort* 19.
troislean /traɪʃl'a:n/ *f.* Trilseán 20.
troithín. *Tá ~ siúil i do ladhair* 19, tá tú an-siúlach. *Cf. tráithnín siúil.*
tróláil *a. br.* Iascach le trál 20.
trólar *f.* Trálaer 20.
trom. 1. *Chomh* ~ le bró mhúilinn, . . . le luaidhe leáite 19. . . leis na clocha glasa 31. *Marar* ~ nó le leis é, beidh sé aige 20, déanfaidh sé rud ar bith lena fháil. 2. *Tá sé an-* ~ ann 19, . . . an-choitianta, an-fhairsing. 3. Stuaicánach. *Fear douin trom é gan focal subhailceach aige g'aon nduine beó aon lá sa mbliain* 24. *B'fhrust aithne dhom . . . go bpléascach sé . . . mar d'aire mé an-trom é a goil harm le fáda 24. Duine a bhreathnódh ~ ort* 20.
tromachan *a. br.* Tromaocht (ar) 20.
tromann. Lochtaíonn, cúisíonn. *Is mór a throm na dhíadh orthu faoi nach raibh siad i bhfad níos flathúla dá chur ann 27.444. Má bhí fear ann a throm orthu, bhí fear ann a thóig a bpáirt 27.1176. Tromú go crua hana air 24. Ní math an éadail a'*

goil sa gcathaoir é an [ina] fhínise, mar troma sé oru 24.
tromchodladh *f.* Siúl trí chodladh. *Bfonn* ~ *ag tfocht air siúd* 24. *Deir siad go siúlfá ar an uisce le* ~ 19.
tromchosach *aid.* Trom ag siúl 20. *Ní thiucadh fear trumchosach i nganfhiós ag an doras* 24.
tromchroioch *aid.* Trom meirbh (leis an aimsir). *Lá an-* ~ é 24, 19. . . *is iomai uair chiúin dhorcha 'thromchroich' mar a hugadh na mná air a leithide . . . 24 brocghéal.*
tromlacht *b.* Slua. *Ní aon ~ mhór mar sin é* 20. *Ní raibh aon ~ mhór ann* 20.
tromlui *f.* Siúl trí chodladh 19.
troscadh. *Dhá mbeithé* ag goil a chodladh i do throscadh, tabhair beithigh ar an aonach agus deabhal a bhfaíróir dhuit cáil tú ag goil 20, dá mbeithé beo bocht . . . *B'fhearr tiom a ghoil a chodladh i mo throscadh ná aon cheo a iarraidh orthab* 20.
troslán *f.* Trasnán (faoi na rataí). *Gan glana nuas go rataí, go thaobháin is go throsáin . . . 24 Nollaig.*
trú(a). Agall le glaoch ar chapall nó ar asal. *Trú leat anseo!* 20. *Trua!* 20.
truaigneach /truɪx/ *aid.* Lán le trua (do). *Nach sib atá ~ do dhuine bocht* 20. *Duine ~ í sin, an créatúr* 20.
truailí *aid.* Truamhéalach. *Níl rud ar bith is truailí ná a' breanu air a' siriam a' cuir amach muintir a tí as a dteach 24 cuireann.*
trucáil. 1. *a. br.* Siobáil éagsúil. *Is iomai ~ dhionas tú leiche [seanláir] 24 ócáideach.* 2. (*iol.*) *Trucálachai* 20, bagáistí, giúirléidí.
truic *b.* Cleas 20.
truiceáil *a. br.* Cleasaíocht 20.
truiceáilte *aid.* Cleasach 20.
truiceálaí, truicsálaí *f.* Cleasaí 20.
truiceanta *aid.* Cleasach 20.
truici *f.* Cleasaí 20.
truimeáilte *aid.* Néata, cuimseartha. *Tá sé [tobán] díonta deas ~ aige* 20. *Tá sí [bean] ~ amach* 20, feistithe go pointeáilte.
truip *b.* Uair. *An ~ chéanna a raibh muid ann* 20. *Bhí mé ann ~ 20. Ná bac leis, an ~ seo* 20.
truipear *f.* ~ na goinneall 19, snáthadán.
truipea(r)lach *aid.* Cruachúiseach friochanta. *Is é atá truipealach fós* 20. *Siúl truipealach* 19.
truisle *f.* Tá ~ sa gcapall sin 20, tá claonadh chun truisleáia inti.
truisleáilann. Baineann tuisle as. *Truisleáladh mé* 19. *Dhá dtruisleáilfaí é bhí sé marbh* 20.
trumpa¹ *f.* 'Jew's harp'. *Tubaiste an ~ ort!* 19 - eas-caine.
trumpa² *f.* Duine flaitiúil. *'Deoun ~ a chonaic mé ariabh' deir sé 'a b'fhearr ná é, bhí sé go mo chaocha le portur' 24 caochann. . . , gur mháith a' ~ i dteach ósta fear acu 27.1029. Dá gastaí ort i dteach ósta é ní raibh ~ ar bith ab fhearr ná é 27.1120.*
trusálann. Crochann an t-éadach ar. *Bean á trusáil fhéin* 19, ag crochadh a cuid éadaigh aníos.

trust *f.* Cairde. *Tá go leor ~ ligthe amach ag Dic 20.* Ar ~, ar cairde 20. *Ag ligean ~ leat 19.* Pionta poiúin a bhí tóigthe ar ~ aige 19.

trustaí *f.* Duine iontaoifa. . . . ~ maith é 24 láimh.

trustann. Tugann ar iontaobh. *Thrustainn a' roinne [ruinne] éisc a bheadh lá caraois agam leis 27.809,* ní raibh sórt gadaíocht air bith ann.

tú. 1. Níor fhan ~ ná mé aige 20, níor fhan smid aige. *Níor 'úirt sé thú ná mé, drúcht ná báisteach 20,* ní dúirt sé smid. *Ní raibh thú ná mé as 20. 2.* B'fhéidir anois go bhfeicfeá é idir thú is a' Dúnach 20, . . . idir seo agus an Domhnach.

tuafaise *b.* Tuafisc, bean liobarsach mhístuama. *Níl aon neart aig a' bhfear bocht air a bheith liodaránach, agus a' ~ go bhean a buailiú air 24.* *Deoul tuafaisí gho [ghabh] air thóin tí ariabh bu mheasa ná iad . . . 24.*

tuaficallán *f.* 'Convolvulus' 32.

tuairigín *f.* Tuairgnín. ~ *breá de bhean 20,* bean breá láidir.

tuairim *b.* ~ 's, beagnach. *Tá sé dhá chloich dhéag, ~ 's 20.*

tuairt *b.* 1. *Fuair sí ~ 20,* chaill sí leanbh. 2. ~ *feirge 20,* taom feirge. 3. *B'aisteach an ~ a thug tú ort fhéin 20,* . . . an t-anró a chuir tú ort féin (le aistear fada, etc.). *Ffr. tóirt.*

tuar *f.* ~ a thabhairt dóib ar an talamh 19, iad [éadaí] a chur ar tuar. ~ *breá éadaigh 19,* roinnt mhaith éadaigh ar tuar.

tuar *f.* Aoileach. *Dóna na beithí ~ gon pháirc i ngeall air a bhfuil sé a chatha go bháisteach 24,* cartfaidh siad . . . déanfaidh siad 'praiseach' den pháirc . . . *Tá an áit ina thuar acu 24.*

tuataí *f.* Aineolaí. *Tá chuile mhíleán á leagann air a' ~ bocht . . . 24.* Bu mhéad [ba bh'iad] na tuataí bu mhó iad a chonaic tú ariabh 24.

tuathal. Tual. ~ *na bró mhuilinn 19,* mol na bró . . .

tubaiste *f.* 1. ~ *an tí leat! 20. ~ na muc is na muin-tire leat! 20. ~ an pharáiste ort! 20* - eascaín. 2. *Scéal amach leis an ~ 20,* tá sé chomh maith (dom) an drochscéal a insint. *D'fhága sé sa ~ é 20,* níor bhac sé leis níos mó, ba chuma leis céard a d'éireadh dó.

tucarach *aid.* Tugtha do. 1. *Tá sé an-~ don slaghdán 20. ~ d'allas 20. ~ do thinneas drama 20. 2. ~ d'ól 20.* Cf. **tiucarach.**

tufóg *b.* Tuthóg. *Ní fiú ~ 'Jenney' é 20,* ní fiú faic é. *Níor thug sé seal na tufóige 20,* . . . achar ar bith (gur cailleadh é).

tufóigin *b.* Páiste beag, beainín bheag 20. *Nach í an ~ í 20.*

tugann. 1. *Ag tabhairt na fola 19,* ag cur na fola. *Ní thiúrfainn deoir fhola le náire 20,* bhí an-náire orm. 2. *Thug sí tuil ar é fanacht 20,* thoiligh sí . . . 3. *Tiúrfaidh mise faoin smuta dhó é 20,* buailfidh mise é. 4. *Deonaíonn. Thug Dia ná raibh aon cheo sa mbosca 20. 5.* *Hug siad suas hal má chríochna siad a' cúrsa bhí a ndécheal tóraí 24,* . . . bhí a ndécheall déanta. 6. ~ *amach, íograíonn. Hug an sagart amach inniu go mbeidh an t-Aiffrion Cuimre air*

Dé Dóna seo chugat 24 tabhair. 7. ~ aniar, feabhsaíonn rud a bhí go dona. *Ní bréug air bith nach dtug sén teach aniar go maith 27.563.* Ach [a] intinn i gcónaí ar a' teach a thóirt aniar agus a chuir 'an cinn 24 mac. 8. ~ *anuas. Tá sé tugtha anuas go mór 20,* tá sé [fear] tugtha uaidh go mór. 9. ~ *ar. (a) D'airigh mé an torann agus thiúrfá torann air 20,* . . . agus ba mhór an torann é. *Sin é an buachaill atá glic agus tabhair glic air 20.* Coinneall aici agus tabhair coinneall úirthi, a deir daoine 20, . . . agus ba bhreá an choinneall í, a deir daoine. *Scanraigh a raibh ar an mbainis agus tabhair scanrú air 20.* Bhéarad siúl air shiúl ach bhí siúl ionntu 24 ceanglaíonn. (b) *Má thugann tú teach scoile na hAirde ar Shéipéal Mhac Dara . . . 19,* má théann tú go dtí an áit (sa bhfarraige) a mbeidh do bhád agus Teach . . . agus Séipéal . . . ina líne dhíreach uait . . . (treoir i dtaobh seoltóireacht). (c) *Thug siad an doras amach orthab fhéin 20,* d'imigh siad amach an doras. 10. ~ + *a. br. + ar. (a) Deabhal sábháil a thug siad air 20.* Pé brí sórt roinnt tugadh orthab 20. *Casadh deisil a thabhairt air 20.* Ói an uisce a thugadh sé air 20. *Meas tú an dtugadh sé róstadh ar bith ar a bhfeoil? 20. (b) . . . ach go dtug mé smear aithne air a' goil hairis 27.556. 11. ~ as. (a) Ceannaíonn ó shiopa. Ní thiúrfaidh mé aon fheoil as ar aon chor 20.* Níor fhéad mé aon cheann a thabhairt as 20, . . . a cheannach ann. (b) *Thug sí a dóthain feola as 20,* tháinig sí abhaile as [an áit a raibh sí ag obair] agus í ramhráithe go maith. 12. ~ *chuig. . . catha sé colaith nú a fháil a bhéaras ag an Aiffrion Dé Dúna é 24 greim. . . . a chuireas ar a chumas (f a chaitheamh ag) dul chuig an Aifreann . . . Thug Dia aige héin é 19,* fuair sé bás. 13. ~ *do. (a) Deonaíonn do. . . ach thug Dé dó go raibh an feóchan 'na chóir aige mar aniar duadh a bhí sé a séideadh 27.374.* Thug Dia dhom nár fhiafraigh sé . . . 20. *Thug Dia dhó nach raibh an poll domhain 20. (b) Cuireann ar a chumas. Ba í an tsláinte thug dhó an obair a dhíonamh is a thug dhó an aois a fháil 20. (c) Ní tiúrai bolg g'anruith nó go mheacain anois 24 róstadh,* ní bhfaighfí blas ar anraith . . . *Tá go leór eile nach dtiúrach bolg dhuiche [mairteoil] 24 mairteoil. (d) Thug sé fhéin do na boinn ansin é 20,* rith sé leis ansin. *Thug sé [d]á shiúl é 20,* thosaigh sé ag siúl. *Thug sé an bóthar síos dó fhéin 20,* d'imigh sé an bóthar síos. 14. ~ + *a. teib. + do. Hug sé milleán mór dhó 27.36,* chuir sé milleán . . . *Thug sé an-chasaoid dhó faoina dhíonamh 20,* lochtaigh sé é . . . *Diabhal go leor meas a bhéarfás sé go Chaipín Fitzgerald 27.27,* a bheidh aige do *ní bhéaradh sé aon mheas g'aon fhear á fheabhas á léigheadh sé é . . . 27.41. Ní raibh aon fhocal cainte aici le tabhairt di 31,* ní raibh sí in ann aon fhocal cainte a rá léi. 15. ~ *faoi. Hug mé faon na boinn 24 cúramach,* rith mé go scioptha. *Thug sé faoi shiúl é 20, 32,* d'imigh sé faoi dheifir. 16. ~ *le. (a) Tabhair leat an chathaoir sin 20,* suigh síos ar an gcathaoir sin (agus tarraing chun na tine í). (b) *Tá sé [simpléar] ag*

tabhairt leis na deataí 20, ag tarraingt na deataí. (e) *Tá sé ag tabhairt an bhealaigh leis ina dhiaidh sin* 20, tá ag éirí leis dul chun cinn go mall . . . (d) Déanann (codladh). *Nach gearr a' suan a hug tú leat ó bhí an suimreas ann 24 suan*, . . . an suan a d'éirigh leat a dhéanamh. *A laighead a' t-achar a bhí mé a' tóirt a' tsuain liom is brionglóidí a dhúise mé 24 suan*. *Má thugann an bruc suan fada leis* . . . 24 suan. *Néal colachta a thug sé leis réis a dhinéir* . . . 24 aluachra. (e) *Beithíoch nach mbeadh ag tabhairt aon lao léi 20*, nach mbeireann aon lao. *Thug sí lao léiche 27.1426*. *Níor thug sí searrach ariamh léi 19*. (f) *Caitheann [oiread seo ama] thar a hionú*. *B'annamh léi cupla lá fhéin a thabhairt léi 20*, b'annamh léi a bheith . . . thar a hionú. *~ siad leob seachtain nó coicís 19*. *Céard a thug sí léithi?* 19, cén t-achar thar a hionú a bhí sí sular rug sí. (g) *~ sé dhá bhanlái ina phunt leis 20*, déanann sé dhá bhanlái sa deilbh as punt olla (?). 17. *~ le + a. br.* . . . *a' tabhairt le rá gur a' cur an aghaidh Mhorris a bhí siad 27.771*, ag tabhairt le fios *beithíoch mór fáin eile a raibh adharc amháin as a bhaitis air a gárdáil na corónach a tabhairt le rá cé chomh láidir is chomh comhachtach a bhí Sasana 27.778*. *Thug sé é fhéin le taspáint dhi 20*. *Thug sé le n-ordachtáil go raibh sé déanta aige 20*, dhearbhaigh sé go raibh . . . 18. *~ ó*. (a) *Níor thug Máirtín aon saol woe réis chomh mór is a (sic) chomh láidir a bhí sé 27.1179*, níor mhair M. aon achar fada. *B'fhéidir le Dia go dtiúrfadh sé an lá amáireach uaidh 20*, . . . go mbeidh aimsir bhreá amárach. *Tiúrfaidh sé an ghealach seo uaidh anois 20*, mairfidh an aimsir bhreá le linn na gealaí seo. *Tiúrfaidh sé an tseachtain seo go breá uaidh 20*. *Níor thug sé samhradh ar bith uaidh 20*. (b) *Ní thugann sé [éadach] caitheamh ar bith uaidh 20*. 19. *~ síos, aithriseann, dearbhaíonn*. *Tá go leor tugtha síos fúthab 20*. *Bhí sé tugtha síos le cailín as Bearna 20*, bhí sé ráite gur chiontaigh sé le cailín . . . *Bhí sé tugtha síos mar gheall uirthi 20, id*. *Hug sé síos nach mbeadh aon tair ort ag obair aig a' gCoimmineach 27.373*. *Hug a dochtúr síos gur 'apoplexy' a cháil é 27.8*. *Bhí sé tórra síos in chuil am gur dream creidiúnach feiliúnach a bhí sna Laighléisí Móra . . . 27.11*. 20. *~ suas do*. *Tugaimse suas do mhuintir an Spidéil é 20*, amhdaím gurb iad is fearr.

tuí. 1. *~ easca 24*, tuí chfibe. (Is í atá ar na tithe ceann tuí i Mionlach). 2. *~ bhán*, tuí (coirce, nó cruithneachta) triomaithe. *Ní bhíodh an-fhairsne mhór ~ bhán in aon am ann 27.751*. 3. *Buaileann sé ~ srathra air sin 20*, tugann sé greadadh buailte dó sin. 4. *Bhí cur amach na ~ ann 20*, bhí an-achramm ann (i dteach). 3. *Teach ~*, teach ceann tuí. *Tithe ~ a bhí ann go dtí sin 27.679*. *Tithe ~ a bhí ar fad ionntu 27.138*.

tuicéad f. Ticéad 20.

tuige. 1. *Cad chuige? (a) (Le dhá)*. *~ dhá mbeadh?* 20. *~ dhá mba leis é?* 20. (b) *~ nár leag mé ar an mbord é?* 20, cé nár leag . . . *~ nár éirigh tú fós?* 20. 2. a. *Fáth*. *Deabhal ~ ar bith 20*. *Ach inis dom*

cén ~ 20. *Bhí ~ leis 20*. *Sin é an ~ anois 19*. *Inseoidh mé dhuít cén ~ é sin 19*. *Chuille thuige!*; *chuile's ~!* 20, ní inseoidh mé duit cén fáth.

tuigeann : **tigeann**.

tuí huí. Agall gáire. ' ~ ' a *deirim fhéin is thosaigh mé ag gairí 20*.

tuil b. *Dá mbeadh ~ m'intinne a'm . . . 20*, dá mbeadh an scéal de réir mo thola féin . . .

tuile b. 1. *Tá ~ liaga déanta aige 20*, tá tuile mhór bháistí déanta aige. 2. *Bhí sé ina thuile liaga le hól ann 19*, bhí neart óil ann. *Bhí gliomaigh ina d ~ liaga 19*, . . . an-fhairsing. 3. *Bhuail ~ gháirí é 20*, . . . racht gáire é.

tuilíocht b. *~ intinne 20, 19*, 'saorthoil'.

tuiliúna. Toil dheona. *Rinne sé lena thuiliúna fhéin é 19*.

tuilleadh, -leann : **tilleadh**, -leann'.

tuilleamaí, -ocht : **tilleamaí**, -ocht.

tuilteanach aid. D'aon turas. *Meas tú air cha sé ~ é?* 24. *Dheon mórán mísg is toilténaí díonta ná é a chuata tú ariabh 24*. *Ní ghlanach uisce Loch Éirne na dhia sin [iad] ach gur ~ a ghoid siad iad 24 locaíocht*.

tuine b. Láib bhréan, mar a bheadh i ndraein nach rithfeadh an t-uisce inti. *I d ~ na sráide 20*. *~ ghorm 20*.

tuineadóireacht a. br. Siorthuineadh. (a) *Bhí sé ag ~ liom go mb'éigean dhom an t-amhrán a rá 20*. (b) *Ag ~ leis ansin 24*. Ag cur deifre leis. (c) Ag tuineadh le duine ag iarraidh achrainn a bhaint as 20.

túineann. Tathantaíonn. *Bhí sé á thúint air 20*. *Thúin sé orm é 20*. *Ná bí dhá thúinadh air 19*.

tuirling /taurL'INT/. Tuairteáil. *Réis a' touirlingt a bainiu as a gcár nuair a fua sé har a' mballa . . . 24 saor*.

tuirse. *~ a lámhe*, go leor oibre. *Bhí an 'Arbitration court' air bun an uair seo agus iad a fáil ~ a lámha le déanamh 27.363*. *Bhí sé a fáil ~ a lámhe le déanamh ó dhream tithe móra hart air Ghaille 27.373*.

tuirseach aid. 1. *Chomh ~ le mada 31*. 2. *Bhí an ghrian i dtalamh agus í ~ i dtalamh 20*, . . . i bhfad i dtalamh.

tuirsiú f. *~ a lámhe*, go leor le déanamh. *Bhí na gaibhne a' fáil tursú [a] lámhe nuair a bhí na capaill fairsin 24 gabha*.

túis b. 'Riddle'. *Sin a thúis ort! 20*. *~ mhaith í 20*. *Ag cur túiseannaí 20*.

tuiseadóir f. Tomhaisteoir. *Hug a' ~ síos go ra naoi ngráine faoileach . . . 24 santach*.

tuiseann /tʲiʃn/ 24, /tʲeʃn/ 20. 'Measures'. 1. *Ag tois criathraigh 20*. *Thois an táilliúr é 20*. *Mé a thos 31*. *This siad an pháirc 24*. 2. *Ag tois na talún lena dhorna 20*, ag baint arbhair le corrán. 3. *Is maith atá an áit sin toiste aige 20*, is minic siúlta aige é. 4. *Bhí sé ag tois leis 20*, bhí sé ag bagairt air lena dhorna, lena lámh. *Ag tois a dhorna leis 20*. *Toisfidh mise an maide seo ar an tóin a'd 20*.

túiseann. 'Guess'. *'Thosaigh sé ag túis' a deir sé 'cé bhí ann' 20*. *Túis! 20*. *Ní thúisfinn go brách é 20*.

tuisle, -lónn : **truisle**, -álann.

tuiste /tʲɪdʲə/ 24, /tejdʲə/ 20. Lán le hól, ar meisce. *Ní theicé focal dá ra sé a' rá ag slócht, brust aithne go ra sé tuisti 24 slócht. Bhí sé an-toiste 19. Toiste drochmhúinte 19. Ní raibh aon mhaith ann ag a' gCoimínéach go mbeadh ceann l'aghaidh an bhothair aige agus é a' goil abhaile agus é ~ go maith mar bhí sé 27.373.*

tuít b. 1. Cnuasach iasc sliogán. *Bhain mé ~ bhairnigh 20. 2.* Carnán mór sliogán 20. ~ *Chonáin 20, id.*

tuíteann : **títeann**.

tulán f. 1. Giodán crochta a bhfuil fás air. ~ *fraoigh 19. ~ féir 19. ~ cíbe 19. 2.* *Cailliú air a' ~ é 24 titeann*, cailleadh ar an láthair é. **3.** Duine ramhar. *Nach é an ~ é 20.*

tumálann. Tiománann 20, 24.

tumáil a. br. Tiomáint. *Cuireadh 'un tumála é 20, cuireadh ar theachtairacht é. Caithfidh tú ghoil 'un tumála aríst 20, . . . dul chun bealaigh.*

tumláil /tʲumlaː/ a. br. Imeacht thart ag tóraíocht rud le goid nó le fáil in aisce. *Ag ~ leis ó áit go háit 20. Ag ~ thart ann 20. Cé'd 'ós ~ atá ag imeacht ort? 20.*

tumlálaí /tʲumlaːliː/ f. Duine a bhíonn ag tumláil (q.v.) 20.

túnáil b. Greadadh buailte. ~ *bhuailte 20. Ag tabhairt ~ dhóib 20.*

tunáladh a. br. Siúl mall. *Ag ~ isteach is amach 20. Ag ~ liom 20.*

tunánta f. Tionánta. *Ná daoine a bhí ina gcónaí ann ba ~ í iad 20.*

tunc. Sonc: *Chuir sé ~ ann 20. De bharr an tuinc sin 20.*

tuncaisí iol. Greadadh buailte. *Bhuail sé ~ air 20. ~ móra 20.*

tuncálann. Cuireann tunc (q.v.) ann. *Thuncáil sé é 20.*

turnae f. *Aturnae 24. . . nuair a choinneodh sé caint le ~ 27.545.*

tus f. 'Measure'. *Thug sé an-~ dhom sa bpíosa éadaf a cheannaigh mé ann 24 tomhas. Ffr. tos.*

tús f. Tosach. **1.** *Ar ~ 20, ar dtús. 2. Ó thús deireadh go tosaigh, ó thús tosaigh go deireadh 20, ó thús go deireadh. 3. Níl ~ ná deireadh uirthi 19, is í [drochaimsir] a bhíonn agus a bheidh ann i gcónaí. 4. Níl pínn ar mo thús ná ar mo dheireadh 20, níl pingin ar bith agam.*

tuspánadh f. Taispeánadh 20.

tuspánann. Taispeánann. *cte. thuspáin, spáin. a. br. tuspáint, spáint 20.*

tutach aid. Stadach sa chaint, briotach 20.

tutáil' a. br. Méiseáil, méirínteacht mhístuama. *Is ort atá an ~ 20.*

tutáil' a. br. Puthail. *Ag ~ deataí 20.*

tutáil b. 1. Místuaim, útamáil. *Bhris sé é le teann ~ 20. A chuid tutáilola fhéin 20. Is ort atá an ~! 20. Ná bí ag ~ léi 20 (le cloch, ag iarraidh í a shocrú).*

tútaíl b. Suarail, i dtaobh súdairachta nó sprion-laitheachta. *Tá sé chomh maith agamsa bheith sa ~ 20. Bhí an ~ ag baint leis 20. Ag oibriú na tútaíola 20.*

tútaire f. Súdairé óil 19.

tútaireacht a. br. Stadaireacht chainte 20.

tutálach aid. Mistuama, útamálach. *Fear ~ é nach bhfuil cuma ná caoi air ag obair 24. Sén fear is tutálaí a' píceáil fhéir é . . . 24. Hug siad síos á mbeadh siad gan a bhe cho ~ . . . nach rabh leath stróbh orthu an bhruach a bhaint amach 27.21.*

tutálaí f. 1. Útamálaí, méiseálaí 20. *Sén ~ is measa a hainic isteach in mo gharraí é an méid seo go mo shaol 24. Sin í obair a' ~ anois dhuit . . . 24. 2.* Duine stadach sa chaint 20.

tuthóg : **tufóg**.

tutóg b. Beainín bheag ramhar 20.

U

uacht : **úchta**.

uachtar f. 1. *Ar ~ na talúna, ar an saol seo. Níl sé ar ~ na talúna a' té a bhfuil beann agam air . . . 24. Ní rabh sé ar ~ na talún in [a] am . . . aon fhear a sheas amach ar cheart agus cóir a fháil go thionánta . . . 24. 2.* An chuid uachtair de cholainn an duine. *Is aige a bhí an t-~ is láidre a chonaic tú ag aon fhear ariomh 24. Ní fhaca tú aon ~ aig aon fhear ariabh cho trom is tá aige 24.*

uachtarach aid. In aice an bhairr. *Ghearr sé an coirce cionál ~ 20.*

uafás /uːaːs/, /uwaːs/, /ufaːs/. **1.** *Bhí sé in ~ gur chuala sé é 20, bhí scanradh air gur chuala . . . Dream a bhí ar ~ roimh an gogadh 20, . . . a bhí scanraithe . . . 2. Bhí ~ air ag obair 20, bhí sé ag obair go han-dian. Bhí ~ oibre air 20, id.*

uafásach /ufaːsəx/, /uwaːsəx/, /uːaːsəx/. (Mar dhobh.). ~ *crionna 20, an-chrionna ar fad. ~ garbh 20.*

uaibhreach aid. So-mhaslaithe agus tugtha don díoltas. *Tá an fharraige ~ 20, mara leantar de na píseoga a bhaineann léi, bainfidh sí díoltas amach. Tá an Chincís ~ 20. Bíonn siad [easógai] ~ 20. uaigh : fuaigh.*

uailín f. Ualach beag 19.

uain /uːn' / b. **1.** *An dtúirfaidh tú ~ 'omsa? 20, an ndéanfaidh tú freastal orm roimh na daoine eile. Bhí ~ agus iasacht le fáil uaidh 20, freastal in am agus cairde. 2. Ar ~ nó ar éigin 20, ar ais nó ar éigin. 3. D'aon ~, d'aon turas 20. Ní dhionfá ach ghoil go dtí é d'aon ~ amháin 20.*

uair b. 1. *A' catha ná huaire atá sé mar ní fhéatach sé a bhe níos dona 24 dona, ag maireachtáil ar éigean. 2. Anois agus an ~ sin, i gcónaí. Anois agus an ~ sin, níl a fhios agam nach ngeobhainn iad marach . . . 20. 3. Sin é an uair . . . (le treise i dtús abairte). Tóigeann sé an clár dhó agus sin é an ~ a bhioraigh an chailleach istigh í fhéin 20. Sin*

é an ~ a d'inis bean an tí dhó cérb as a dtáinig an comhra 20. 4. ~ na hanachan, ócáid na timpiste. Go sábhála Dia chuile dhuine ar ~ na hanachan 20.

ualach *f.* 1. Tá sé cho math dhaobh ~ éadtrom a dhíona 'nois dó, ní aon neart air a' méid atá milltí 24, . . . gan ligean dó buairt a chur oraibh . . . Tá siad a díona ~ éadtrom anois dó, bhí sé a cuir imrí mhór tamal orú 24. 2. Lagar, meirfean. Bhuail ualaí móra é 20. Tháinig ~ air 20. Chuir siad [rudáí a d'ith sé] ~ air, agus b'éigin dhó loighe ar an leaba 20.

uamhain /u:n'/ *b.* Uaimh. ~ thalúna 20. In aimsir cruatain, bhí daoine dhá gcaobhaint héin ins na huaineanaí . . . 24 uain.

uan *f.* ~ fola. Tá a chuid súil ina n- ~ fula 20, tá siad an-dearg. Rinne sé ~ fula de mo chroí 20, ghoill sé go mór orm.

uasal *aid.* 1. Bródúil. Bhí sé cho h- ~ ann héin is nach n-iarrach sé didion na hoi air aon chómharsa 24 cuireann. 2. Bean ~ thú - bhí muid ag caint ort 20, a déarfai nuair a thiocfadh bean a mbeifí ag caint uirthi isteach sa gcomhlúadar.

uascán *f.* 1. Duine mór. Is deabhaltá an t- / 20 (le bean). 2. Fód mór móna. Ag baint uascáin 20. *Ffr.* fuascán.

ubh. 1. ~ neide 19, ubh a fhágtar sa nead le go mbeire an chearc. Seachain a mbeach sé go dheoul ort . . . gur bí an ~ neide bhí amui faoi na cearca a chuir tú síos dhom 24. 2. Fear breá licí bhí ann, éadrom ceart air a chois, dá siúileach sé air uibheachaí ní mó ná go mbriseach sé iad 24. 3. Is minic a chaitheamns sagart . . . an fhad a' cialú rudai a bhaineas leis a' greide agus ~ aig a' bpobal go stopach sé 24 ciallaion, . . . iad beophianta go stop-fadh sé. 4. Uibheachaí seisiúin 20, uibheacha a bhailít le díol le linn na seisiún (bhíodh éileamh agus praghas dá réir orthu). *Ffr.* daor.

ucastóir *f.* Ocastóir, duine míchneasta. Nach é an t- ~ bradach é! 20.

ucastóireacht *a. br.* 1. Ní iarrfá go deo ach ag ~ troda 20, . . . ag argóinteacht ag iarraidh achraimn. 2. Ná bí á ~ 20, ná bí chomh fada sin leis (rud a bheifí a dheasú, a bhruith, etc.).

ucht : ocht.

úchta *b.* 1. Uacht. (a) Tá sé ina ~ Mháire Mhór 20, uacht é atá ag tarraingt caint agus achraimn. (b) (Le dearbhú). Doir [dar] ~ Dia!, Doir ~ an tsicín! 20. Doir ~ mo lae, gheofá do dhóthain uaithe 20. 'Doir ~ m'anama' a deir sé 'nach bhfuil mé a' rá aon bhreag' 24 uacht. . . . air ~ t'anama ná díon fearacht a' nfhear fadó 24 fiacail. 2. Leagáid. Cé fuair an ~ ? 20. Fuair sé ~ mhaith 20.

uchtóg : urtóig.

ucrasach *aid.* 1. Ocrach. 'Chathá a bhe diabhalla ocrasach' a deir a' fear eile 'nuair a chuireá dúil i gceann acu sin' 24 portán. Páistí bochta . . . bíonn siad ocrasach i gcónaí 24. 2. A chuireann ocras i gcumhne do dhuine. Níl rud a bích is ocrasáí tá breaná g'fhear tuat ná brat sneachta air a' tala 24. /ukræsəx/ 24A.

údaí *aid.* thais. Úd. An oíche ~ 20. Tá a fhios agam an méid ~ 20. (Le haid.). Chomh moch ~ ar maidin 20. *Ffr.* úd.

údan *aid.* thais. Úd. An fear ~ 20.

údar *f.* 1. Ábhar. (a) ~ teach nua 19, ~ dráir 19, ~ seoil 19. Fuair mé ~ cléibh 19. (b) Is é an t- drochlá é 19, déanfadh sé drochlá. (c) Sí an bhodóg ~ a' bhó 24 bodóg. ~ cránach 20. ~ bó bhainne 19. (d) Nach maith an t- ~ thú! 20, nach maith an t-ábhar fir thú - go searbhasach le duine óg contráilte. Is tú an t- ~ ! 19, id. (e) Tháinig sé ó ~ maith 20, bhí mianach maith ó dhúchas ann. Tá togha údair ann 20. 2. Fáth. Cén t-údar é sin? 20. Níl a fhios agam cén t- ~ é 20. Ní raibh ~ ná ábhar aige lena dhíonamh 32. Gan ~ gan ábhar 32. 3. Tuairisc. Chuir mé ~ go minic le m'athair agus leo cén fáth Tobar Aindriu a thabhairt air 27.548.

údarraí *iol.* Ní thagann ná h- ~ is na hádarraí le chéile 20, ní féidir gach sórt oibre a dhéanamh ag an am céanna. Níor tháinig na h- ~ is na hádarraí le chéile 20, theip ar an ngnó [cleamhnas, margadh, etc.] de bharr easaontais. Na húdarraí agus na hádarraí 20, freisin.

údragáil *b.* Easaontas, argóint. Tá ~ an deabhail eidir iad sin thall 19. Tá ~ eicint sa rud 19.

údramáil *b.* Rinne sé ~ mhór oibre dhúinn 20, rinne sé rúpáil oibre dhúinn.

údrabháil *a. br.* Údramáil. Ag ~ anonn is anall 20, ag imeacht ag obair . . . ~ oibre 20. Céard 'ós ~ atá ansin ort? 20.

ugach : ogach.

uile *aid.* Gach ~ > chuile. (Le halt). Sa chuile áit 19, i ngach uile áit.

uiliug /(\ə)'liug/ *dobh.* Ar fad. 1. Tá sé an-tanaí 'liug 20. Is é is measa 'liug 20. Seol láimhe is mó bhíodh i gceist 'liug sa tsean-aimsir 20. Bhí na gasúir imithe ag an bportach 'liug 20. Cé mhéad infn ansíud 'liug? 20. Meas 'liug atá aige uirthi 20. Is é an t-athair a bhí sé a chású 'liug 20. 2. ~ is ~. Ar thug siad leob 'liug is 'liug iad? 20.

úillín *f.* 1. ~ óir, rud a mbeadh an-mheas air. Is gearr le úillín óir lao fireann i súile fear bocht inniu . . . 24 lao. Bhí canta cháca mar úillín óir ag leads óg 24 plúr. Nuair atá bainimh 'na n-úillín óir is beag a bhfuil cráinn chor a bith acu 24 Samhain. . . . atá sé [camán] leagtha 'na n-úillín óir air chúl a dorais aig mo mhac 24 báire. 2. Nach é an t- ~ agat é! 19, (go searbhasach le rud nach mbeadh meas ag an gcainteoir air).

uillinn *b.* Tá sé a' cuir a' chnámh rid an ~ le teann oibre 24, tá sé ag obair go han-chrua.

úim. D'aon ~. (a) D'aon ghnó. D'imigh sé d'aon ~ mháin á iarraidh 20. (b) D'aon iarraidh, ceann ar aghaid. Chuaigh sé d'aon ~ Gaillimh 20.

úiméad *f.* Nóiméad. An t- ~ céanna 20. Gabh i leith ~ 20.

úireacht *b.* Taiseacht. Níl a ndíol ~ acu 24 geineann.

úireadas *f.* Úire 20.

uireasa : foireasa.

uirnis /aurn'ij'/ *b.* Uirlis. Ní raibh ball ~ e a

thastaigh uaidh theach nach raibh ann 20.

uirs. Agall ag glaoch ar mhuca 24 deoch.

úis' b. 1. Méiseáil shalach. Tá ~ déanta agat 20. 2. Déistin. *Chuirfeadh sé ~ ar na daoine* 20. *Chuirfeá ~ ar an muic* 20. 3. Duine salach sraoilí. *Nach í an ~ í!* 20. *Is mór an ~ thú* 20. 4. Oibrí mí-stuama, neamhchríochnúil. *Níl ann ach ~ i bportach* 20, mhíllfeadh sé an portach.

úis' b. Tomhas ('riddle'). *Sin ~ orm!* 24. *Caitheamh aimsire mór a bhí aig lucht cuart olenta Geimridh fadó a' cuir úiseana* 24. . . . á gcuirtí faoi chion m'úise mé, níl a fhios agam . . . 24A, dhá mbeadh orm tomhas féin a dhéanamh . . . ~ bhíoch ag na páistí fadó agus fós 'bhfaca tú aríomh peilbín air a' mún agus tubán air a thúin?' 24 peilbín. *Fear mór a' cuir úiseanaí bhí ann freisin* 24 pionús.

uisce f. 1. *An fhad's a bheas ~ ag rith nó féar ag fás* . . . 19, go brách. *Eidir dhá ~ 20*, ar snámh beagán faoi uisce ach le feiceáil. *Shiúlfadh sé ar bharr ~ 20* (le hasal), shiúlfadh sé san áit is boige ar an bportach gan dul i mbá. *Ag caitheamh ~ eachaí móra* 20, . . . múranna móra báistí. ~ trí dúichí 19, a rithneann ó thrí dhúiche is a thagann le chéile (tá leigheas ann). ~ *gallaoirigh* 20, sobal. *Ní fiú ~ na nuibheachaí é* 20, ní fiú dada é. *Níl an oiread ~ istí go bhárr a' lae agus chuireach in Ainim an Athair air t'éadan* 24 oiread. *Bhí sé chomh maith dhuit a ghoil ag iarraidh ~ coisric ar an deabhal le bheith ag iarraidh deoch air* 20. 2. (a) ~ an pháiste 20, an t-uisce bhíonn timpeall ar an bpáiste sa mbroinn. ~ an tsearrainne 20. (b) ~ rua, galair caorach. *Is gearr leis a' ngarla é dtugtar 'fluke' air, mar a' leámh as bhíonn na caoire leis* 24. *Cailleadh le ~ rua iad* 20. 3. (a) *Imeacht ar an ~ bruite*, an tsáinte a chailleadh, imeacht as. *Tagann díleághadh ar a leithide agus imíonn sé ar an ~ bruite* 24 collóid. *Tá sé imithe ar an ~ bruite* 20. . . . go bhfuil mé imí air an ~ bruití air fad le dúil ann 24 caitheann. . . . do mo chailleadh le dúil ann. (b) *Ag lígean ~*, ag teip, ag déanamh failli. *Tá faitíos orm go bhfuil na h'agents' ag lígean ~ 20*. *Tá muid ag lígean ~ isteach* 20, tá muid ag cailleadh (ag cártas).

úiseann. Tomhaiseann. *Ní úiséad ce tá a' goil a' pósa?* 24 pósa. *Bhaile muid an oiread airgid . . . nach n-úiséad* 24 bailíonn.

úlachán f. Ulchabhán. *Chuireach cloigeann an úlachán an cut i ngéil duit* 24. *Is deacair go mo bhothán i bhe ámhail . . . agus a' t-~ salach ghoil isteach ann* 24.

ulfachán f. Ulchabhán 31.

úll f. 1. Fás fadharcánach. (a) ~ a' móra amach ar a chosa 19, pachaillí móra. (b) ~ a' fataí 20, cnapanna ar bharranna prátaí de thoradh galair éigin. 2. ~ na haithne, duine nó rud contúirteach. *Fan amach uaidh, sin é ~ na haithne* 20. 3. *Bhí sé go dtí úbhal na scournaí 'gum seacht n-uaire louirt* . . . 24 coinníonn, bhí sé ar bharr mo theanga . . . 4. (a) ~ na coise, an chuid bhog den bhonn taobh thiar de na méaracha. *Níl coiscéim agum . . . ag pian a hainc an úll mo chois* 24. (b) ~ na hor-

dóige, an chuid bhog in íochtar na hordóige. *Dhá bhfeiceá an meál g'úbhal ourdóige tá air an bhfear* 24.

ultach /aultax/ f. Duine fealltach contúirteach 20.
ultrach b. Ualach, ultach. *Nach tú a thug an ~ leat* 20. ~ mhór a thóigfeas tú mar seo 20. ~ mhór fhéir 20.

úmachan a. br. 1. Socrú na snáitheanna sna hómacha sa seol 20. 2. Siúl mall, le stróbh. *Bhí sé ag ~ leis* 20. 3. Corraí anonn is anall. *Ná bí ag ~ 20*. *Ag ~ anonn is anib* 20. 4. *A tíoct abhaile . . . bhí mé leis a mbudóig unlaogh nuair a thosa ~ tinnis dá buala . . . 24 budóig, . . . thosaigh comh-arthaí tosaithe tinnis . . .*

umhlaíonn. 1. Leannaíonn le baint an cheannbhirte. *D'úla chuile dhuine dhó a' ceapa gur sagart bhí ann* 24. *Ag umhlú don tobar* 19, ag baint an hata díot féin le homós dó. 2. Íslíonn (rud) le teann ómóis. *D'umhlaigh sé an jib trí huair* 20.

umhlóid a. br. *Ag ~ thart* 20, ag imeacht thart go díomhaoin.

úmpairt. Únfairt (q.v.) 20.

únachtach b. 1. Leacht, cloch mhór. *Is deabhallaí an ~ de leachta í* 20. *Tá ~ clocha ann* 20. 2. Scailp, poll francaigh. *Tá únachtaí francaigh isteach fúithi* 20. 3. *Sean-únachtaí* 20, sean-bhallaí, sean-fhothracha.

únfairt. 1. Brat (easrach, leasaithe, etc.). *Chaith mé ~ faoin mbó* 20. ~ *raithní* 20. ~ *feamainne* 20. 2. *Tá sé d ~ fhéin in airgead* 20, tá neart airgid aige.
ungabhás f. Arrachtach (d'ainmhí). *Chonaic mé an t-~ ina lui a lár a' bhóthair* 27.557. *B'fhuí dhuit a ghoil a breanu air na hungabhás atá ag mac Mháirtín Sheáin . . . 24 . . . na buláin mhóra . . . B'aisteach a' t-~ go 'phike' é* 24. *Ní fhaca tú aon ~ g'eascun aríomh mar í* 24.

ungás f. Rud mór liopasta. *Tá sí siúd ina h-~ 20*, tá sí an-ramhar. *Céard ós ~ é sin ar a dhroim aige?* 20 - le ualach nach n-aithneófa céard é. *Cér leagadh na hungáis?* 20 (faoitíní móra lofa a bhí i gceist). Cf. **ungabhás**.

unsa f. *Níl ~ céille aige* 20, níl ciall ar bith.

upstráic b. Cur isteach, trioblóid. *Feabar ciodós ~ a cuirtu air [an gabha] bhuaíl sé an inneoin agus chrea sé gas a ra sa gceárda* 24 inneoin. *Meireach an ~ a chuir a' múr báistí sin ionnain bheach a' pháirc cocáilte tranóna 'guinn* 24. *Siad a' dream atá ag ithe na talúna le rifinteacht . . . atá a cur na hupstráice ann . . . 24*. *Ins an am crua a bhí ann fadó is beag an ~ a cuirí sna daoine nuair a d'imíoch siad as a' mbaile . . . 24 stoca*. *Ach go bhárr an ~ a chuir na Black a Tans iontu* 27.498.

úrachán a. br. Baint an úir as éadach. *Ag ~ fleainín* 20.

úrbhéal f. 1. Béal tiubhliopach 20. 2. Liopa íochtaire atá níos mó ná liopa uachtair 19. ~ *a chuir ort fhéin* 20, an liopa íochtar a chur amach le teann míshásainh.

urla : urna.

urlár /aurla:r/ f. *Fear tí agus urláir* 20, fear a bhfuil cúram tí air.

úrleathair /u:r'l'ar'/ 19, /u:r'l'e:r'/ 20. *Bróga ~ 19, 20, pampútaí.*
urmhaire /'ur,war'ə/ *b.* An-aire 20.
urmhaireach /'ur,war'əx/ *aid.* An-aireach. *Táú níos urmhairí anois orthab 20. Tá sé go h ~ air fhéin 20.*
urna. *Urla. Chuimil sé a bhos dá éadan, dá ~ is dá mhaíl 20.*
uruaíoch *f.* Paidreoir. ~ *maith é 20.*
úróig *b.* Soitheach áirithe bainne. *Soitheach ámaid a raibh ceithre lámh air a bhí san ~ . . . leacai a lár a' scitheóg í, lán le feabar deoch a bheadh acu . . . 27.1119. Meireach go ra an ~ a' tíoht aici a cheanna sí a mBallá ní creití go mbeach sí ann 24 scíth.*
urtóg *b.* Uchtóg, airdín beag sa mbóthar. *D'airridh*


muid éirí bheag dá dhéanamh aig a' gcarr mar bheadh ~ ann 27.854.
úsáide *b.* Úsáid 20.
úsáideach *aid.* 1. Deaslámhach. *Tá sé ~ as a lámha 20, . . . in ann é féin a chosaint lena lámha 2.* Lúfar. *Níl an chnámh sin chomh h ~ 20.*
ústaer. *Ná bíodh an darna h ~ air 20, ná bíodh ar dlúine a bheith ag gabháil dó arís.*
úta. *Tite in ~ 20, tite i bhfeoil go mór.*
úth *b.* 1. ~ *shaille 20, úth an-ramhar ag bodóg. 2. Ghoiteach sé an ~ ó'n ngour 24, gadaí an-oilte é. . . an té a ghoid é sin ghoiteach sén ~ ó'n ngour 24 mionnán. (Cf. Ghoifheadh sé an ubh ón gcarr agus an chorr ina diaidh 20).*
utraithe *aid.* An-ramhar, otair 20.


V*

vae *dobh.* 1. ~ *leis 20, d'imigh leis. 2. ~ grae, gan aireachtáil. D'éirigh sé go flimp agus 'way gray' leis 27.1320. (< away go réidh?).*
vagaíl *b.* An glór a dhéanann lachain 20.
váidreáil *a. br.* Fálróid thart. *Ag ~ thart 20.*
vaig. *Vaing (q.v.) 20.*
vaigeáil *a. br.* Vaingeáil (*q.v.*) 20.
vaing. *Maig, leathstuaic. 1. Chuir sé ~ air fhéin 20, chuir sé gualainn amháin níos airde ná an ceann eile. 2. Tá ~ air 20, leathstuaic air [ualach]. ~ sa gcoca 19.*
vaingeáil *a. br.* Craitheadh na nguailí le linn siúil. *Ag ~ 20. Is deabhaltaí an ~ bhíos air agus é ag siúl 20.*
vainín. *Maolú ar a mh'anam. ~ go bhféadfá a rá 20.*
váinne *b.* Cuairt thart timpeall. *Tiúrfaidh mé ~ thuas ann 20. Thug sé ~ thiompaill ann 20. Tiúrfaidh mé ~ bheag síos ag an gcladach 20.*
váinneáil *a. br.* Fálróid thart. *Céard 'ós ~ atá ansin ort? 20 (le duine a bhí ag imeacht thart ag cuartú ruda). Ag ~ ó áit go háit 20.*
váirdeáil *a. br.* Váidreáil (*q.v.*) 20.
váirdeall *a. br.* Fálróid. *Bhí mé ag ~ ar na bóithrí 20.*
váirdeoireacht *a. br.* Fálróid 20.
valach *f.* 1. Folach. *Cuir ~ maith ar an láí sin 20. 2. ~ beag, folach bíog. Ag díonamh ~ beag 19. 3. ~ víog, id. Ag imirt ~ víog 20.*
valaí. ~ *b(h)eaga, folach bíog. B'íonan é [giorria beag] le bhfalai bheaga air bhealach, ach níor bhé an tús céana a bhí leis 24 giorria. Hainic sé isteach*

in m'intinn gur bhfallaí beaga a bhí sé dhíona . . . 24 ritheann.
vánáil *a. br.* Váinneáil. *Caitheann sé bhfad a' bhánáil san aer g'iarra ceann a fheiceáil 27.1368. Theighinn suas chomh fada leis an Fhaiche Mhóir a bhfánáil hart go ceann uaire nó tille 27.675. Tá an lá caite aguibh a bhfánáil air na bóithre 24 bhánáil.*
várdáil *a. br.* 1. Faire. *Ag ~ air 20. (a) Ag breathnú amach dó. (b) Ag faire air lena bheith agat. 2. Fálróid. Ag ~ thart 20.*
várdoras *f.* Fárdoras 20, 31, 19. *Ffr. bárdoras.*
veaigeabúin *f.* Bithiúnach. ~ *ceart a bhí ann 20. Nach é an ~ é 20.*
veailí. *Buille (de dhorn). Bhuail sé cupla ~ air 20. Ffr. ra veailí.*
veailit. *Bolg. Tá a ~ líonta anois aige 20.*
veasailín : *measailín.*
vinteannaí /v'in'təni:/ *iol.* *Thug sé ~ faoi 20, ghoid sé rudaí uaidh.*
vínna. *An glór a dhéanann an faoileán. ~, ~ ag an bhfaoileán 20.*
viódach. *Míodach (q.v.). ~ín bheag 20, láí bheag. Tugtar bhfíodach air scian an-bheag lann amháin bheach in do phóca 24 bárr.*
vióg. *Bíog. Cuir ~ eicint asat corr-uair 20.*
viogail *a. br.* Bíogail. *Tá na h-éanachaí ag ~ 20.*
viú. *Amharc. Caitheadh mé a ghoil síos agus mo ~ a thabhairt ar na beithigh 20. Tiúrfaidh mé ~ air 20.*
vióitéarach *a. br.* Vótáil. *Lá ~ 20. Aimsir bhóitéarach 27.771.*
vótáil *b.* Vótálachaí 20, toghcháin.

*Consan cuimilteach cruinnbheolach coguasach glórach is ea /v/ roimh a, á, o, ó; consan cuimilteach scarbheolach palatúil glórach is ea /v/ roimh i, í, e, é.





DEASCÁN FOCLÓIREACHTA

Eagarthóir Ginearálta: Tomás de Bhaldraithe

1. **Tomás de Bhaldraithe:** Innéacs Nua-Ghaeilge don *Dictionary of the Irish Language*, 1981, iv + 78 lch.

Áis é do mhic léinn is do scoláirí idir lucht foghlama na Sean-Ghaeilge agus lucht taighde ar stair na Nua-Ghaeilge.

2. **Séamas Ó Murchú:** Liosta Focal as *Idir Shúgradh agus Dáiríre*, 1982, ix + 25 lch.

Liosta de na focail is de na leaganacha is de na bríonna ag gnáthfhocail atá sa chéad leabhar scéalta de chuid Mháirtín Uí Chadhain, ach nach luaitear i bhfoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill.

3. **Éamonn Ó hÓgáin:** *Díolaím Focal (A) ó Chorca Dhuibhne*, 1984, xiii + 179 lch.

Cnuasach de na focail i nGaeilge Chorca Dhuibhne a thosaíonn leis an litir *a*. Léiriú é nach bhfuil a mhacasamhail eile ann ar shaibhreas Ghaeilge bheo na Gaeltachta.